II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/894 ÓN gCOIMISIÚN

an 4 Aibreán 2023

lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme i dtaca le cur i bhfeidhm Threoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na teimpléid le haghaidh gnóthais árachais agus athárachais chun an fhaisnéis is gá chun maoirseacht a dhéanamh orthu a chur faoi bhráid a n-údarás maoirseachta, agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2450

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le gabháil le gnó an Árachais agus an Athárachais agus an gnó sin a shaothrú (Sócmhainneacht II) [1], agus go háirithe Airteagal 35(10), an tríú fomhír, Airteagal 244(6), an tríú fomhír, agus Airteagal 245(6), an dara fomhír, di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá an fhaisnéis a fhaightear tríd an tuairisciú fíor-riachtanach le haghaidh maoirseacht rioscabhunaithe agus cosaint sealbhóirí polasaí. Chuige sin, is gá do mhaoirseoirí sonraí fiúntacha a fháil laistigh d'amlínte réasúnta. Chun a áirithiú go bhfanfaidh na ceanglais tuairiscithe cothrom le dáta agus go dtabharfar aird leo ar rioscaí atá ag teacht chun cinn agus ar chleachtais atá á bhforbairt, is gá athbhreithniú substaintiúil a dhéanamh ar theimpléid tuairiscithe arna soláthar le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2450. Chuige sin, is gá athrú a dhéanamh ar a lán teimpléad, teimpléid nua a chur isteach agus teimpléid atá imithe i léig a bhaint. I bhfianaise mhéid na n-athruithe, is iomchuí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2450 a aisghairm.

(2) Níl riosca níos mó ag baint le gnó trasteorann ann féin ach tá castacht bhreise ag baint leis. Le maoirseacht éifeachtach, ba cheart a áirithiú go dtabharfar cóir chomhionann do gach sealbhóir polasaí agus do gach tairbhí gan beann ar a náisiúntacht ná ar a n-áit chónaithe. D'fhonn baint amach an chuspóra sin a éascú, cuirtear teimpléid tuairiscithe nua in ionad na dteimpléad trasteorann atá ann cheana, ar teimpléid nua iad lena gcomhdhlúthaítear an ceanglas faisnéise ina gcuimsítear faisnéis maidir le préimheanna, éilimh agus costais de réir shuíomh an fhrithgheallta agus shuíomh an riosca.

(3) Is gá freisin íoscheanglas dlíthiúil áirithe a bhunú a mhéid a bhaineann le méid na faisnéise maidir le rioscaí a bhaineann leis an athrú aeráide a thuairiscítear d'údaráis mhaoirseachta. Ba cheart do ghnóthais forbhreathnú a thabhairt d'údaráis mhaoirseachta ar a sciar féin d'infheistíochtaí atá neamhchosanta ar aistriú a bhaineann leis an athrú aeráide agus ar riosca fisiciúil.

(4) Tá easpa gráinneachta ann maidir leis an bhfaisnéis le haghaidh táirgí neamhshaoil, rud a dhéanann dochar do chosaint sealbhóirí polasaí. Dá bhrí sin, ba cheart faisnéis shoiléir a bheith ag maoirseoirí maidir le catagóir ar leibhéal an táirge. Chuige sin, tugtar isteach teimpléad nua maidir le hanailís oibleagáide neamhshaoil le haghaidh an tuairiscithe de réir réim ghnó, teimpléad ina bhfuil roinnt eisceachtaí a thuairisceofar de réir catagóirí táirgí.

[1] IO L 335, 17.12.2009, lch. 1

(5) Ós rud é go bhféadfadh gnóthais árachais nó athárachais cibir-riosca a fhrithghealladh níos minice, ba cheart do mhaoirseoirí breithnithe maidir leis an riosca sin atá ag teacht chun cinn a chur san áireamh ina gcuid gníomhaíochtaí maoirseachta. Chun gníomhaíochtaí den sórt sin a éascú, áirítear teimpléad tuairiscithe nua maidir le cibir-riosca frithgheallta.

(6) Mar chuid den phróiseas athbhreithnithe maoirseachta, tá sé tábhachtach go mbeadh údaráis mhaoirseachta in ann faireachán a dhéanamh ar leordhóthanacht samhlacha inmheánacha. Le samhlacha inmheánacha páirteacha agus le samhlacha inmheánacha iomlána, is féidir riosca aonair cuideachta a ghabháil ar bhealach níos fearr, agus le Treoir 2009/138/CE ceadaítear do ghnóthais árachais agus athárachais iad a úsáid chun ceanglais chaipitil a chinneadh gan teorainneacha a eascraíonn as an bhfoirmle chaighdeánach. Mar sin féin, bíonn sé níos deacra maoirseacht a dhéanamh de bharr measúnuithe atá bunaithe ar fhaisnéis neamhchaighdeánaithe. Dá bhrí sin, ba cheart d'údaráis mhaoirseachta tairbhiú de theimpléid nua agus de threoracha soiléirithe, lena dtacaítear le táirgeadh ciallmhar sonraí.

(7) Níor cheart ualach rómhór ar ghnóthais a bheith ag baint le ceanglais tuairiscithe. Chuige sin, is gá a shonrú cén chaoi a bhfuil feidhm ag roinnt ceanglas tuairiscithe ar bhealach comhréireach gan cáilíocht na sonraí atá le soláthar ag na gnóthais a chur i mbaol.

(8) Maidir le gnóthais árachais faoi chuing agus gnóthais athárachais faoi chuing nach gcumhdaíonn ach na rioscaí a bhaineann leis an ngrúpa tionsclaíoch nó tráchtála lena mbaineann siad, tá próifíl riosca ar leith ag baint leo ba cheart a chur san áireamh agus ceanglais tuairiscithe á sainiú. Dá bhrí sin, ba cheart do ghnóthais árachais faoi chuing agus do ghnóthais athárachais faoi chuing a bheith in ann tairbhiú de shocruithe sonracha tuairiscithe atá rioscabhunaithe.

(9) Tá dlúthbhaint ag forálacha an Rialacháin seo le chéile, ós rud é go mbaineann siad ar fad le faisnéis ó ghnóthais agus ó ghrúpaí árachais agus athárachais a chur faoi bhráid na n-údarás maoirseachta. Chun comhleanúnachas a áirithiú idir na forálacha sin, ar forálacha iad ba cheart a theacht i bhfeidhm an tráth céanna, chun tuiscint chuimsitheach ar na forálacha sin a éascú agus chun a áirithiú go mbeidh rochtain éasca orthu ag daoine atá faoi réir na n-oibleagáidí tuairiscithe, lena n-áirítear infheisteoirí nach bhfuil bunaithe san Aontas, is inmhianaithe na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme go léir a cheanglaítear le hAirteagal 35(10), Airteagal 244(6) agus Airteagal 245(6) de Threoir 2009/138/CE a áireamh in aon Rialachán amháin.

(10) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme a chuir an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde faoi bhráid an Choimisiúin.

(11) Reáchtáil an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí gaolmhara a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo, agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí Árachais agus Athárachais arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]).

(12) Ba cheart a ndóthain ama a thabhairt do ghnóthais chun na ceanglais tuairiscithe nuashonraithe a chur chun feidhme. Ba cheart, dá bhrí sin, dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur siar.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

TEIMPLÉID LE hAGHAIDH TUAIRISCIÚ MAOIRSEACHTA

Airteagal 1

Formáidí tuairiscithe maoirseachta

Maidir le gnóthais árachais agus athárachais, gnóthais árachais faoi chuing agus gnóthais athárachais faoi chuing, gnóthais árachais agus athárachais rannpháirtíochta, cuideachtaí sealbhaíochta árachais agus cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha, cuirfidh siad an fhaisnéis isteach i gcomhréir leis an Rialachán seo sna formáidí agus sna léirithe malartaithe sonraí arna gcinneadh ag na húdaráis mhaoirseachta nó ag maoirseoir an ghrúpa agus i gcomhréir leis na sonraíochtaí seo a leanas:

(a) pointí sonraí a bhfuil an cineál sonraí "airgeadaíocht" ag gabháil leo, sloinnfear iad in aonaid gan deachúlacha, cé is moite den fhaisnéis dá dtagraítear i dteimpléid S.06.02, S.08.01 agus S.11.01 d'Iarscríbhinní I agus III a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a shloinnfear in aonaid le dhá dheachúil;

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/79/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 48).

(b) pointí sonraí a bhfuil an cineál sonraí "céatadán" ag gabháil leo, sloinnfear iad de réir aonaid le ceithre dheachúil;

(c) pointí sonraí a bhfuil an cineál sonraí "slánuimhir" ag gabháil leo, sloinnfear iad in aonaid gan deachúlacha;

(d) sloinnfear na pointí sonraí go léir mar luachanna deimhneacha seachas sna cásanna seo a leanas:

(i) is de chineál contrártha ó mhéid nádúrtha na míre iad na pointí sonraí;

(ii) ceadaítear luachanna deimhneacha agus diúltacha a thuairisciú le cineál an phointe sonraí;

(iii) ceanglaítear formáid dhifriúil tuairiscithe leis na treoracha a leagtar amach san Iarscríbhinn lena mbaineann.

Airteagal 2

Airgeadra tuairiscithe

1. Mura n-éilíonn an t-údarás maoirseachta a mhalairt chun críocha an Rialacháin Cur Chun Feidhme seo, is é an t-airgeadra seo a leanas a bheidh san airgeadra tuairiscithe:

(a) i gcás tuairisciú aonair, an t-airgeadra a úsáidtear chun ráitis airgeadais an ghnóthais árachais nó athárachais a ullmhú;

(b) i gcás tuairisciú grúpa, an t-airgeadra a úsáidtear chun na ráitis airgeadais chomhdhlúite a ullmhú.

2. Pointí sonraí a bhfuil an cineál sonraí "airgeadaíocht" ag gabháil leo, tuairisceofar iad san airgeadra tuairiscithe, rud lena n-éilítear aon airgeadra eile a chomhshó san airgeadra tuairiscithe mura bhforáiltear a mhalairt in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo.

3. Agus luach aon sócmhainne nó dliteanais atá ainmnithe in airgeadra eile seachas an t_airgeadra tuairiscithe á shloinneadh ag gnóthais árachais agus athárachais, ag gnóthais árachais faoi chuing agus ag gnóthais athárachais faoi chuing, ag gnóthais rannpháirtíochta, ag cuideachtaí sealbhaíochta árachais agus ag cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha, déanfaidh siad an luach a chomhshó san airgeadra tuairiscithe amhail agus gur tharla an comhshó ag an ráta deiridh ar an lá deireanach dá bhfuil an ráta iomchuí ar fáil sa tréimhse tuairiscithe lena mbaineann an tsócmhainn nó an dliteanas.

4. Agus luach aon ioncaim nó luach aon chostais á shloinneadh ag gnóthais árachais agus athárachais, ag gnóthais árachais faoi chuing agus ag gnóthais athárachais faoi chuing, ag gnóthais rannpháirtíochta, ag cuideachtaí sealbhaíochta árachais agus ag cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha, déanfaidh siad an luach sin a chomhshó san airgeadra tuairiscithe trí úsáid a bhaint as an mbunús comhshó céanna leis an mbunús a úsáidtear chun críoch cuntasaíochta.

5. Agus luachanna sonraí stairiúla atá ainmnithe in airgeadra seachas an t-airgeadra tuairiscithe á sloinneadh, déanfar na luachanna sin a bhaineann le tréimhsí tuairiscithe roimhe sin a chomhshó san airgeadra tuairiscithe bunaithe ar an ráta deiridh ar an lá deireanach den tréimhse atá á tuairisciú dá bhfuil an ráta comhshó ar fáil.

6. Mura n-éilíonn an t-údarás maoirseachta a mhalairt, déanfar an comhshó san airgeadra tuairiscithe a ríomh tríd an ráta malairte a chur i bhfeidhm, arb é an ráta ón bhfoinse chéanna é leis an gceann a úsáidtear le haghaidh ráitis airgeadais an ghnóthais árachais nó athárachais i gcás tuairisciú aonair, nó ón bhfoinse chéanna a úsáidtear le haghaidh na ráiteas airgeadais comhdhlúite i gcás tuairisciú grúpa

Airteagal 3

Faisnéis a chur isteach arís

Is iad gnóthais árachais agus athárachais, gnóthais árachais faoi chuing agus gnóthais athárachais faoi chuing, gnóthais árachais agus athárachais rannpháirtíochta, cuideachtaí sealbhaíochta árachais agus cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha a bheidh freagrach as cáilíocht na faisnéise a thuairisceofar.

Cuirfidh siad an fhaisnéis a thuairiscítear isteach arís a luaithe is indéanta trí úsáid a bhaint as na teimpléid dá dtagraítear sa Rialachán Cur Chun Feidhme seo sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcás ina bhfuil athrú ábhartha tagtha ar an bhfaisnéis a tuairiscíodh ar dtús i ndáil leis an tréimhse tuairiscithe chéanna tar éis an fhaisnéis sin a chur faoi bhráid na n-údarás maoirseachta nó faoi bhráid an mhaoirseora grúpa; nó

(b) i gcás ina n-iarrann na húdaráis mhaoirseachta nó an maoirseoir grúpa amhlaidh i ngeall ar shaincheisteanna ábhartha maidir le cáilíocht na sonraí.

Airteagal 4

Tairseacha tuairiscithe rioscabhunaithe

1. I dtaca leis an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 35 de Threoir 2009/138/CE a bhfuil feidhm ag tairseach tuairiscithe rioscabhunaithe maidir léi, ní cheanglóidh na húdaráis mhaoirseachta ar ghnóthais árachais agus athárachais, ar ghnóthais árachais faoi chuing agus ar ghnóthais athárachais faoi chuing, ar ghnóthais árachais agus athárachais rannpháirtíochta, ar chuideachtaí sealbhaíochta árachais agus ar chuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha an fhaisnéis sin a chur isteach gach bliain i gcás nach sáraítear an tairseach sin sa bhliain tuairiscithe reatha agus sa bhliain tuairiscithe roimhe sin araon.

2. Maidir le gnóthais árachais agus athárachais, gnóthais árachais faoi chuing agus gnóthais athárachais faoi chuing, gnóthais árachais agus athárachais rannpháirtíochta, cuideachtaí sealbhaíochta árachais agus cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha nach sáraíonn na tairseacha tuairiscithe rioscabhunaithe is infheidhme a shainmhínítear sa mhír roimhe seo, beidh siad díolmhaithe ó thuairisciú na faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 35 de Threoir 2009/138/CE a sainaithnítear tairseacha tuairiscithe rioscabhunaithe ina leith sa Rialachán Cur Chun Feidhme seo le haghaidh na bliana tuairiscithe reatha agus na bliana tuairiscithe dár gcionn.

3. Maidir le gnóthais árachais agus athárachais, gnóthais árachais faoi chuing agus gnóthais athárachais faoi chuing, gnóthais árachais agus athárachais rannpháirtíochta, cuideachtaí sealbhaíochta árachais agus cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha a sháraíonn na tairseacha tuairiscithe rioscabhunaithe is infheidhme a shainmhínítear i mír 1, tuairisceoidh siad an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 35 de Threoir 2009/138/CE a sainaithnítear tairseacha rioscabhunaithe ina leith sa Rialachán Cur Chun Feidhme seo le haghaidh na bliana tuairiscithe reatha agus déanfaidh siad athmheasúnú ar cé acu a sháraítear nó nach sáraítear na tairseacha sa bhliain tuairiscithe dár gcionn.

4. Maidir le gnóthais árachais faoi chuing a chomhlíonann gach ceann de na coinníollacha seo a leanas, bainfidh siad úsáid as na teimpléid a leagtar amach in Airteagail 7, 9, 11, 13, 14, 16, 18, 20, 22, 24 agus 25 den Rialachán seo:

a) i ndáil leis na hoibleagáidí árachais, is eintitis dhlítheanacha den ghrúpa lena mbaineann an gnóthas árachais faoi chuing iad gach árachaí agus gach tairbhí nó is daoine nádúrtha iad atá incháilithe le bheith cumhdaithe faoi na polasaithe árachais grúpa ar choinníoll go bhfanann an gnólacht a chumhdaíonn daoine nádúrtha faoi bhun 5 % d'fhorálacha teicniúla;

b) na hoibleagáidí árachais agus na conarthaí árachais is bun leis na hoibleagáidí athárachais, ní bhaineann siad le haon árachas dliteanais tríú páirtí éigeantach.

5. Maidir le gnóthais athárachais faoi chuing a chomhlíonann gach ceann de na coinníollacha seo a leanas, bainfidh siad úsáid as na teimpléid a leagtar amach in Airteagail 7, 9, 12, 15, 17, 19, 21, 22 agus 25 den Rialachán seo:

a) na coinníollacha i bpointí a) agus b) den mhír roimhe seo;

b) maidir le hiasachtaí atá i bhfeidhm leis an máthairchuideachta nó le haon ghrúpchuideachta, lena n-áirítear comhthiomsuithe airgid grúpaí, ní sháraíonn siad 20 % d'Iomlán na Sócmhainní arna sealbhú ag an ngnóthas athárachais faoi chuing;

c) is féidir measúnú cinnteachaíoch a dhéanamh ar an uaschaillteanas a eascraíonn as na forálacha teicniúla comhlána gan modhanna stocastacha a úsáid.

CAIBIDIL II

TEIMPLÉID MAIDIR LE TUAIRISCIÚ CAINNNÍOCHTÚIL LE hAGHAIDH GNÓTHAIS AONAIR

Airteagal 5

Teimpléid chainníochtúla ráithiúla le haghaidh gnóthais aonair

1. Seachas i gcás ina gcuirtear teorainn le raon feidhme nó le minicíocht an tuairiscithe i gcomhréir le hAirteagal 35 (6) de Threoir 2009/138/CE, cuirfidh gnóthais árachais agus athárachais an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 304(1), pointe (d), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 isteach go ráithiúil, trí úsáid a bhaint as na teimpléid seo a leanas agus trí na treoracha seo a leanas a chomhlíonadh:

(a) teimpléad S.01.01.02 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear ábhar an tíolactha, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.01.01 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo á leanúint;

(b) teimpléad S.01.02.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis bhunúsach maidir leis an ngnóthas agus faoi ábhar an tuairiscithe i gcoitinne, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.01.02 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(c) teimpléad S.02.01.02 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir leis an gclár comhardaithe trí úsáid a bhaint as an modh luachála dá dtagraítear in Airteagal 75 de Threoir 2009/138/CE, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.02.01 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo á leanúint;

(d) teimpléad S.05.01.02 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le préimheanna, éilimh agus costais trí na prionsabail luachála agus aitheantais a úsáidtear i ráitis airgeadais an ghnóthais a chur i bhfeidhm le haghaidh gach réime gnó a shonraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.05.01 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo á leanúint;

(e) teimpléad S.06.02.01 d'Iarscríbhinn I, ina soláthraítear liosta sócmhainní mír ar mhír, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.06.02 d'Iarscríbhinn II á leanúint agus an Cód Aitheantais Comhlántach ("cód CIC") a leagtar amach in Iarscríbhinn V agus a shonraítear in Iarscríbhinn VI á úsáid;

(f) maidir leis an gcóimheas idir comhinfheistíochtaí arna sealbhú ag an ngnóthas agus infheistíochtaí iomlána, i gcás inarb airde ná 30 % an cóimheas sin, teimpléad S.06.03.01 d'Iarscríbhinn I, ina soláthraítear faisnéis maidir le trédhearcacht na gcomhinfheistíochtaí uile arna sealbhú ag an ngnóthas, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.06.03 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(g) teimpléad S.08.01.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear liosta mír ar mhír de shuíomhanna oscailte díorthach, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.08.01 d'Iarscríbhinn II á leanúint agus an cód CIC a leagtar amach in Iarscríbhinn V agus a shonraítear in Iarscríbhinn VI á úsáid;

(h) teimpléad S.12.01.02 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir leis na forálacha teicniúla a bhaineann le hárachas saoil agus le hárachas sláinte a shaothraítear ar bhonn teicniúil atá comhchosúil le bonn teicniúil an árachais saoil ("sláinte SLT") le haghaidh gach réime gnó a shonraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.12.01 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo á leanúint;

(i) teimpléad S.17.01.02 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le forálacha teicniúla neamhshaoil le haghaidh gach réime gnó a shonraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.17.01 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(j) teimpléad S.23.01.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le cistí dílse, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.23.01 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(k) i gcás nach mbíonn gnóthais árachais agus athárachais ag gabháil ach do ghníomhaíocht árachais nó athárachais saoil amháin nó do ghníomhaíocht árachais nó athárachais neamhshaoil amháin, teimpléad S.28.01.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear an tíoscheanglas Caipitil, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.28.01 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(l) i gcás ina mbíonn gnóthais árachais ag gabháil do ghníomhaíocht árachais saoil agus neamhshaoil araon, teimpléad S.28.02.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear an tíoscheanglas Caipitil, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.28.02 d'Iarscríbhinn II á leanúint.

2. Chun críocha mhír 1, pointe (f), cinnfidh gnóthais árachais agus athárachais an cóimheas idir comhinfheistíochtaí arna sealbhú ag an ngnóthas agus infheistíochtaí iomlána trí shuim mhíreanna C0010/R0180, na ngnóthas comhinfheistíochta a áirítear i mír C0010/R0220 agus na ngnóthas comhinfheistíochta a áirítear i mír C0010/R0090 de theimpléad S.02.01.02 a dhéanamh amach agus an méid sin a roinnt ar shuim mhíreanna C0010/R0070 agus C0010/R0220 de theimpléad S.02.01.02.

Airteagal 6

Teimpléid chainníochtúla ráithiúla le haghaidh gnóthais árachais faoi chuing agus gnóthais athárachais faoi chuing

Seachas i gcás ina gcuirtear teorainn le raon feidhme nó le minicíocht an tuairiscithe i gcomhréir le hAirteagal 35(6) de Threoir 2009/138/CE, déanfaidh gnóthais árachais faoi chuing agus gnóthais athárachais faoi chuing an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 304(1), pointe (d), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 a chur isteach go ráithiúil, trí úsáid a bhaint as na teimpléid seo a leanas agus trí na treoracha seo a leanas a chomhlíonadh:

(a) teimpléad S.01.01.02 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear ábhar an tíolactha, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.01.01 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(b) teimpléad S.01.02.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis bhunúsach maidir leis an ngnóthas agus faoi ábhar an tuairiscithe i gcoitinne, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.01.02 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(c) teimpléad S.02.01.02 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir leis an gclár comhardaithe trí úsáid a bhaint as an modh luachála dá dtagraítear in Airteagal 75 de Threoir 2009/138/CE, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.02.01 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo á leanúint;

(d) teimpléad S.05.01.02 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le préimheanna, éilimh agus costais trí na prionsabail luachála agus aitheantais a úsáidtear i ráitis airgeadais an ghnóthais a chur i bhfeidhm le haghaidh gach réime gnó a shonraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.05.01 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo á leanúint;

(e) teimpléad S.12.01.02 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir leis na forálacha teicniúla a bhaineann le hárachas saoil agus le hárachas sláinte a shaothraítear ar bhonn teicniúil atá comhchosúil le bonn teicniúil an árachais saoil ("sláinte SLT") le haghaidh gach réime gnó a shonraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.12.01 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo á leanúint;

(f) teimpléad S.17.01.02 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le forálacha teicniúla neamhshaoil le haghaidh gach réime gnó a shonraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.17.01 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo á leanúint;

(g) teimpléad S.23.01.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le cistí dílse, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.23.01 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(h) i gcás nach mbíonn gnóthais árachais faoi chuing agus gnóthais athárachais faoi chuing ag gabháil ach do ghníomhaíocht árachais nó athárachais saoil amháin nó do ghníomhaíocht árachais nó athárachais neamhshaoil amháin, teimpléad S.28.01.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear an tÍoscheanglas Caipitil, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.28.01 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(i) i gcás ina mbíonn gnóthais árachais faoi chuing ag gabháil do ghníomhaíocht árachais saoil agus neamhshaoil araon, teimpléad S.28.02.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear an tÍoscheanglas Caipitil, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.28.02 d'Iarscríbhinn II á leanúint.

Airteagal 7

Simplithe a cheadaítear maidir le tuairisciú ráithiúil le haghaidh gnóthais aonair agus gnóthais árachais faoi chuing agus gnóthais athárachais faoi chuing

1. Maidir leis an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 5(1), pointe (c), agus in Airteagal 6, pointe (c), féadfar brath níos mó ar mheastacháin agus ar mhodhanna meastacháin i luacháil na sonraí ná i gcás luacháil na sonraí airgeadais bliantúla. Ceapfar an luacháil le haghaidh an tuairiscithe ráithiúil chun a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis a thiocfaidh as sin iontaofa agus go mbeidh sí i gcomhréir leis na caighdeáin a leagtar síos in Airteagal 75 de Threoir 2009/138/CE agus go dtuairisceofar an fhaisnéis uile atá ábhartha chun na sonraí a thuiscint i gcomhréir le hAirteagal 305 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.

2. Agus an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 5(1), pointí (h) agus (i) agus Airteagal 6, pointí (e) agus (f), á cur isteach, féadfaidh gnóthais árachais agus athárachais mar aon le gnóthais árachais faoi chuing agus gnóthais athárachais faoi chuing modhanna simplithe a chur i bhfeidhm maidir le ríomh na bhforálacha teicniúla.

Airteagal 8

Teimpléid chainníochtúla bhliantúla le haghaidh gnóthais aonair agus gnóthais árachais faoi chuing agus gnóthais athárachais faoi chuing — Faisnéis bhunúsach agus ábhar an tíolactha

Déanfaidh gnóthais árachais agus athárachais, gnóthais árachais faoi chuing agus gnóthais athárachais faoi chuing an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 304(1), pointe (d), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 a chur isteach go bliantúil trí úsáid a bhaint as na teimpléid seo a leanas agus trí na treoracha seo a leanas a chomhlíonadh:

(a) teimpléad S.01.01.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear ábhar an tíolactha, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.01.01 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(b) teimpléad S.01.02.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis bhunúsach maidir leis an ngnóthas agus faoi ábhar an tuairiscithe i gcoitinne, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.01.02 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(c) teimpléad S.01.03.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis bhunúsach maidir leis na cistí imfhálaithe agus faoi phunanna coigeartaithe meaitseála, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.01.03 d'Iarscríbhinn II á leanúint.

Airteagal 9

Teimpléid chainníochtúla bhliantúla le haghaidh gnóthais aonair — Clár comhardaithe agus faisnéis ghinearálta eile

Déanfaidh gnóthais árachais agus athárachais an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 304(1), pointe (d), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 a chur isteach go bliantúil trí úsáid a bhaint as na teimpléid seo a leanas agus trí na treoracha seo a leanas a chomhlíonadh:

(a) teimpléad S.02.01.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir leis an gclár comhardaithe trí úsáid a bhaint as an modh luachála dá dtagraítear in Airteagal 75 de Threoir 2009/138/CE agus an luacháil tar éis ráitis airgeadais an ghnóthais, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.02.01 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(b) mura bhfuil níos mó ná 80 % de na dliteanais iomlána in aon airgeadra amháin, teimpléad S.02.02.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le dliteanais de réir airgeadra, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.02.02 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(c) teimpléad S.03.01.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis ghinearálta maidir le míreanna lasmuigh den chlár comhardaithe, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.03.01 d'Iarscríbhinn II á leanúint, i gcás ina bhfuil feidhm ag (i) nó (ii):

(i) tá méid aon cheann de na luachanna seo a leanas níos airde ná 2 % d'Iomlán na Sócmhainní:

(1) luach ráthaíochta/comhthaobhachta/dliteanas teagmhasach — Ráthaíochtaí arna soláthar ag an ngnóthas, lena n-áirítear litreacha creidmheasa (C0020/R0010) móide Luach ráthaíochta/comhthaobhachta/dliteanas teagmhasach — Comhthaobhacht iomlán atá curtha i ngeall (C0020/R0300) móide Uasluach — Dliteanais theagmhasacha iomlána (C0010/R0400); nó

(2) luach ráthaíochta/comhthaobhachta/dliteanas teagmhasach — Ráthaíochtaí atá faighte ag an ngnóthas, lena n-áirítear litreacha creidmheasa (C0020/R0030) móide Luach ráthaíochta/comhthaobhachta/dliteanas teagmhasach — Comhthaobhacht iomlán arna sealbhú (C0020/R0200);

(ii) tá aon ráthaíocht neamhtheoranta soláthartha nó faighte ag an ngnóthas;

(d) teimpléad S.04.02.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le haicme 10 i gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2009/138/CE, seachas dliteanas an iompróra, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.04.02 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(e) teimpléad S.04.03.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le Faisnéis Bhunúsach — Liosta eintiteas frithgheallta, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.04.03 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(f) teimpléad S.04.04.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le gníomhaíocht de réir tíre — suíomh an fhrithgheallta, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.04.04 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(g) teimpléad S.04.05.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le Gníomhaíocht de réir tíre — suíomh an riosca, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.04.05 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(h) teimpléad S.05.01.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le préimheanna, éilimh agus costais trí na prionsabail luachála agus aitheantais a úsáidtear i ráitis airgeadais an ghnóthais a chur i bhfeidhm le haghaidh gach réime gnó a shonraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.05.01 d'Iarscríbhinn II á leanúint.

Airteagal 10

Teimpléid chainníochtúla bhliantúla le haghaidh gnóthais árachais faoi chuing — Clár comhardaithe agus faisnéis ghinearálta eile

Déanfaidh gnóthais árachais faoi chuing an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 304(1), pointe (d), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 a chur isteach go bliantúil trí úsáid a bhaint as na teimpléid seo a leanas agus trí na treoracha seo a leanas a chomhlíonadh:

(a) teimpléad S.02.01.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir leis an gclár comhardaithe trí úsáid a bhaint as an modh luachála dá dtagraítear in Airteagal 75 de Threoir 2009/138/CE agus an luacháil tar éis ráitis airgeadais an ghnóthais, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.02.01 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(b) teimpléad S.03.01.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis ghinearálta maidir le míreanna lasmuigh den chlár comhardaithe, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.03.01 d'Iarscríbhinn II á leanúint, i gcás ina bhfuil feidhm ag (i) nó (ii):

(i) tá méid aon cheann de na luachanna seo a leanas níos airde ná 2 % d'Iomlán na Sócmhainní:

(1) luach ráthaíochta/comhthaobhachta/dliteanas teagmhasach — Ráthaíochtaí arna soláthar ag an ngnóthas, lena n-áirítear litreacha creidmheasa (C0020/R0010) móide Luach ráthaíochta/comhthaobhachta/dliteanas teagmhasach — Comhthaobhacht iomlán atá curtha i ngeall (C0020/R0300) móide Uasluach — Dliteanais theagmhasacha iomlána (C0010/R0400); nó

(2) luach ráthaíochta/comhthaobhachta/dliteanas teagmhasach — Ráthaíochtaí atá faighte ag an ngnóthas, lena n-áirítear litreacha creidmheasa (C0020/R0030) móide Luach ráthaíochta/comhthaobhachta/dliteanas teagmhasach — Comhthaobhacht iomlán arna sealbhú (C0020/R0200);

(ii) tá aon ráthaíocht neamhtheoranta soláthartha nó faighte ag an ngnóthas;

(c) teimpléad S.04.02.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le haicme 10 i gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2009/138/CE, seachas dliteanas an iompróra, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.04.02 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(d) teimpléad S.04.03.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le Faisnéis Bhunúsach — Liosta eintiteas frithgheallta, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.04.03 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(e) teimpléad S.04.04.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le Gníomhaíocht de réir tíre — suíomh an fhrithgheallta, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.04.04 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(f) teimpléad S.04.05.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le Gníomhaíocht de réir tíre — suíomh an riosca, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.04.05 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(g) teimpléad S.05.01.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le préimheanna, éilimh agus costais trí na prionsabail luachála agus aitheantais a úsáidtear i ráitis airgeadais an ghnóthais a chur i bhfeidhm le haghaidh gach réime gnó a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.05.01 d'Iarscríbhinn II á leanúint.

Airteagal 11

Teimpléid chainníochtúla bhliantúla le haghaidh gnóthais athárachais faoi chuing — Clár comhardaithe agus faisnéis ghinearálta eile

Déanfaidh gnóthais athárachais faoi chuing an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 304(1), pointe (d), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 a chur isteach go bliantúil trí úsáid a bhaint as na teimpléid seo a leanas agus trí na treoracha seo a leanas a chomhlíonadh:

(a) teimpléad S.02.01.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir leis an gclár comhardaithe trí úsáid a bhaint as an modh luachála dá dtagraítear in Airteagal 75 de Threoir 2009/138/CE agus an luacháil tar éis ráitis airgeadais an ghnóthais, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.02.01 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(b) teimpléad S.04.02.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le haicme 10 i gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2009/138/CE, seachas dliteanas an iompróra, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.04.02 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(c) teimpléad S.04.03.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le Faisnéis Bhunúsach — Liosta eintiteas frithgheallta, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.04.03 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán á leanúint;

(d) teimpléad S.04.04.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le Gníomhaíocht de réir tíre — suíomh an fhrithgheallta, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.04.04 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(e) teimpléad S.04.05.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le Gníomhaíocht de réir tíre — suíomh an riosca, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.04.05 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(f) teimpléad S.05.01.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le préimheanna, éilimh agus costais trí na prionsabail luachála agus aitheantais a úsáidtear i ráitis airgeadais an ghnóthais a chur i bhfeidhm le haghaidh gach réime gnó a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.05.01 d'Iarscríbhinn II á leanúint.

Airteagal 12

Teimpléid chainníochtúla bhliantúla le haghaidh gnóthais aonair agus gnóthais árachais faoi chuing — Faisnéis maidir le hinfheistíochtaí

Déanfaidh gnóthais árachais agus athárachais mar aon le gnóthais árachais faoi chuing, mura ndíolmhaítear iad faoi Airteagal 35(7) de Threoir 2009/138/CE i ndáil le teimpléad sonrach, an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 304(1), pointe (d), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 a chur isteach go bliantúil trí úsáid a bhaint as na teimpléid seo a leanas agus trí na treoracha seo a leanas a chomhlíonadh:

(a) i gcás ina bhfuil an gnóthas díolmhaithe ó theimpléad S.06.02.01 a thuairisciú i ndáil leis an ráithe dheireanach i gcomhréir le hAirteagal 35(6) de Threoir 2009/138/CE, teimpléad S.06.02.01 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, ina soláthraítear liosta mír ar mhír de shócmhainní, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.06.02 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo á leanúint agus trí úsáid a bhaint as an gcód CIC a leagtar amach in Iarscríbhinn V agus a shonraítear in Iarscríbhinn VI;

(b) i gcás ina bhfuil an gnóthas díolmhaithe ó theimpléad S.06.03.01 a thuairisciú i ndáil leis an ráithe dheireanach i gcomhréir le hAirteagal 35(6) de Threoir 2009/138/CE nó i gcás nár thuairiscigh sé go ráithiúil é toisc nach airde ná 30 % an cóimheas idir comhinfheistíochtaí arna sealbhú ag an ngnóthas agus infheistíochtaí iomlána, dá dtagraítear in Airteagal 5(1), pointe (f), den Rialachán seo, teimpléad S.06.03.01 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, ina soláthraítear faisnéis maidir le trédhearcacht na gcomhinfheistíochtaí uile arna sealbhú ag na gnóthais, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.06.03 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(c) teimpléad S.06.04.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear an fhaisnéis maidir le rioscaí a bhaineann leis an athrú aeráide d'infheistíochtaí, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.06.04 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(d) i gcás inar mó ná 5 % de na hinfheistíochtaí iomlána mar a thuairiscítear i míreanna C0010/R0070 agus C0010/R0220 de theimpléad S.02.01.01 luach na dtáirgí struchtúrtha, arna chinneadh mar shuim na sócmhainní a aicmítear i gcatagóirí 5 agus 6, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn V, teimpléad S.07.01.01 d'Iarscríbhinn I, ina soláthraítear liosta mír ar mhír de tháirgí struchtúrtha, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.07.01 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(e) i gcás ina bhfuil na gnóthais díolmhaithe ó theimpléad S.08.01.01 a thuairisciú i ndáil leis an ráithe dheireanach i gcomhréir le hAirteagal 35(6) de Threoir 2009/138/CE, teimpléad S.08.01.01 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, ina soláthraítear liosta mír ar mhír de shuíomhanna oscailte díorthach, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.08.01 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo á leanúint agus trí úsáid a bhaint as an gcód CIC a leagtar amach in Iarscríbhinn V agus a shainmhínítear in Iarscríbhinn VI;

(f) teimpléad S.09.01.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le hioncam, gnóthachain agus caillteanais sa tréimhse tuairiscithe de réir catagóir sócmhainne mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn IV, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.09.01 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(g) i gcás inar mó ná 5 % de na hinfheistíochtaí iomlána a thuairiscítear i míreanna C0010/R0070 agus C0010/R0220 de theimpléad S.02.01.01 luach na n-urrús foluiteach, laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe, a bhfuil baint acu le comhaontuithe iasachtaithe nó athcheannaigh, le haghaidh conarthaí ag a bhfuil dátaí aibíochta a thagann tar éis an dáta tagartha tuairiscithe, teimpléad S.10.01.01 d'Iarscríbhinn I, ina soláthraítear liosta mír ar mhír de chomhaontuithe um iasachtú agus athcheannach urrús, laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.10.01 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(h) i gcás inar mó ná 10 % an cóimheas idir luach na sócmhainní arna sealbhú mar chomhthaobhacht agus iomlán an chláir chomhardaithe mar a thuairiscítear i míreanna C0010/R0500 de theimpléad S.02.01.01, teimpléad S.11.01.01 d'Iarscríbhinn I, ina soláthraítear liosta mír ar mhír de shócmhainní arna sealbhú mar chomhthaobhacht, ina bhfuil gach cineál catagóirí sócmhainní lasmuigh den chlár comhardaithe arna sealbhú mar chomhthaobhacht, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.11.01 d'Iarscríbhinn II á leanúint.

Airteagal 13

Teimpléid chainníochtúla bhliantúla le haghaidh gnóthais aonair agus gnóthais árachais faoi chuing — Faisnéis maidir le forálacha teicniúla agus rioscaí

1. Cuirfidh gnóthais árachais agus athárachais mar aon le gnóthais árachais faoi chuing an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 304(1), pointe (d), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 isteach go bliantúil trí úsáid a bhaint as na teimpléid seo a leanas agus trí na treoracha seo a leanas a chomhlíonadh:

(a) teimpléad S.12.01.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear le haghaidh gach réime gnó a shonraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 faisnéis maidir le forálacha teicniúla saoil agus forálacha teicniúla sláinte SLT, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.12.01 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(b) teimpléad S.12.02.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le forálacha teicniúla saoil agus forálacha teicniúla sláinte SLT de réir tíre, i gcás nach é atá sna forálacha teicniúla saoil agus sláinte SLT maidir leis an tír bhaile 100 % de shuim na bhforálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine agus an t-ollmheastachán is fearr, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.12.02 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(c) mura n-úsáideann an gnóthas simplithe chun forálacha teicniúla a ríomh, nach ndéantar meastachán ar na sreafaí airgid todhchaí ionchasacha a eascraíonn as na conarthaí a ríomh ina leith, teimpléad S.13.01.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir leis an réamh-mheastachán ar shreafaí airgid todhchaí an ghnólachta saoil bunaithe ar an meastachán is fearr, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.13.01 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(d) teimpléad S.14.01.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le hanailís ar oibleagáidí saoil, lena n-áirítear conarthaí árachais saoil agus blianachtaí a eascraíonn as conarthaí neamhshaoil, de réir táirge arna eisiúint ag an ngnóthas, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.14.01 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(e) teimpléad S.14.02.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le hanailís ar oibleagáidí neamhshaoil, de réir réim ghnó agus catagóirí táirgí sonracha arna n-eisiúint ag an ngnóthas, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.14.02 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(f) teimpléad S.14.03 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le cibir-riosca frithgheallta, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.14.03 d'Iarscríbhinn II á leanúint, i gcás ina bhfuil feidhm ag aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:

(i) is mó ná 5 % den ghníomhaíocht neamhshaoil fhoriomlán atá á saothrú ag an ngnóthas, nó is mó ná EUR 5 mhilliún, suim na bpréimheanna a thuilltear le haghaidh cibearpholasaithe neamhspleácha agus polasaithe ag a bhfuil cumhdach cibir-riosca mar chumhdach forlíontach, i gcás nach bhfuil ach na préimheanna measta arna dtuilleamh le haghaidh cibir-riosca le cur san áireamh;

(ii) is mó ná 3 % de líon iomlán pholasaithe an ghnólachta neamhshaoil an líon polasaithe ina bhfuil cumhdach cibir-riosca;

(g) teimpléad S.16.01.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le blianachtaí a eascraíonn as oibleagáidí árachais neamhshaoil arna n-eisiúint ag an ngnóthas faoi bhlianachtaí a eascraíonn as gnó árachais dhírigh, maidir le gach réim ghnó a shonraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35;

(h) teimpléad S.17.01.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le forálacha teicniúla neamhshaoil de réir réim ghnó a shonraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.17.01 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(i) teimpléad S.17.03.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le forálacha teicniúla neamhshaoil a thagraíonn do ghnó árachais dhírigh de réir tíre, i gcás nach é atá sna forálacha teicniúla neamhshaoil maidir leis an tír bhaile 100 % de shuim na bhforálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine agus an t-ollmheastachán is fearr, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.17.03 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(j) mura n-úsáideann an gnóthas simplithe chun forálacha teicniúla a ríomh, nach ndéantar meastachán ar na sreafaí airgid todhchaí ionchasacha a eascraíonn as na conarthaí a ríomh ina leith, teimpléad S.18.01.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir leis an réamh-mheastachán ar shreafaí airgid todhchaí an ghnólachta neamhshaoil bunaithe ar an meastachán is fearr, le haghaidh na réimeanna gnó arb é atá iontu cumhdach 90 % de shuim na bhforálacha teicniúla arna ríomh mar mheastachán iomlán agus mar ollmheastachán is fearr, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.18.01 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(k) teimpléad S.19.01.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le héilimh árachais neamhshaoil i bhformáid triantán forbartha, le haghaidh iomlán gach réime gnó neamhshaoil a shonraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35;

(l) teimpléad S.20.01.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir leis an bhforbairt ar dháileadh na n-éileamh arna dtabhú ag deireadh na bliana airgeadais le haghaidh réimeanna ábhartha gnó arb é atá iontu cumhdach 90 % de na forálacha teicniúla neamhshaoil a shonraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.20.01 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(m) teimpléad S.21.01.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le próifíl riosca gníomhaíochtaí neamhshaoil i dtaca le dáileachán caillteanais le haghaidh réimeanna ábhartha gnó arb é atá iontu cumhdach 90 % de na forálacha teicniúla neamhshaoil a shonraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.21.01 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(n) teimpléad S.21.02.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir leis na rioscaí frithgheallta neamhshaoil, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.21.02 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(o) teimpléad S.21.03.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le rioscaí frithgheallta neamhshaoil de réir suim árachaithe le haghaidh réimeanna ábhartha gnó arb é atá inti cumhdach 90 % de na forálacha teicniúla neamhshaoil a shonraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.21.03 d'Iarscríbhinn II á leanúint.

2. Chun críocha mhír 1, pointe (g), i gcás gnóthais árachais agus athárachais seachas gnóthais árachais faoi chuing nó gnóthais athárachais faoi chuing, tuairisceofar faisnéis de réir airgeadra freisin, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.16.01 d'Iarscríbhinn II á leanúint. Ní thuairisceofar an fhaisnéis de réir airgeadra ach amháin i gcás inar mó ná 3 % den mheastachán iomlán is fearr i dtaca le gach foráil maidir le héilimh bhlianachta an meastachán is fearr le haghaidh na bhforálacha maidir le héilimh bhlianachta ar bhonn lascainithe ó réim ghnó neamhshaoil amháin, agus an deighilt seo a leanas á húsáid:

(i) méid le haghaidh an airgeadra tuairiscithe;

(ii) méid le haghaidh aon airgeadra ar mó ná 25 % é den mheastachán is fearr le haghaidh na bhforálacha maidir le héilimh bhlianachta ar bhonn lascainithe san airgeadra tosaigh ón réim ghnó neamhshaoil sin;

(iii) méid le haghaidh aon airgeadra ar lú ná 25 % é den mheastachán is fearr le haghaidh na bhforálacha maidir le héilimh bhlianachta (ar bhonn lascainithe) san airgeadra tosaigh ón réim ghnó neamhshaoil sin ach ar mó ná 5 % é den mheastachán iomlán is fearr le haghaidh na bhforálacha uile maidir le héilimh bhlianachta.

3. Chun críocha mhír 1, pointe (k), i gcás gnóthais árachais agus athárachais seachas gnóthais árachais faoi chuing nó gnóthais athárachais faoi chuing, tuairisceofar faisnéis de réir airgeadra freisin, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.19.01 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo á leanúint. Ní thuairisceofar an fhaisnéis de réir airgeadra ach amháin i gcás inar mó ná 10 % den ollmheastachán iomlán is fearr ar an bhforáil maidir le héilimh an t-ollmheastachán iomlán is fearr le haghaidh réim ghnó neamhshaoil amháin, agus an deighilt seo a leanas á húsáid:

(i) méid le haghaidh aon airgeadra ar mó ná 25 % é den ollmheastachán is fearr ar na forálacha maidir le héilimh san airgeadra tosaigh ón réim ghnó neamhshaoil sin;

(ii) méid le haghaidh aon airgeadra ar lú ná 25 % é den ollmheastachán is fearr ar na forálacha maidir le héilimh san airgeadra tosaigh ón réim ghnó neamhshaoil sin ach ar mó ná 5 % é den ollmheastachán iomlán is fearr ar na forálacha maidir le héilimh san airgeadra tosaigh.

Airteagal 14

Teimpléid chainníochtúla bhliantúla le haghaidh gnóthais athárachais faoi chuing — Faisnéis maidir le forálacha teicniúla

Déanfaidh gnóthais athárachais faoi chuing an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 304(1), pointe (d), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 a chur isteach go bliantúil trí úsáid a bhaint as na teimpléid seo a leanas agus trí na treoracha seo a leanas a chomhlíonadh:

(a) teimpléad S.12.01.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le forálacha teicniúla saoil agus sláinte SLT de réir réim ghnó a shonraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.12.01 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(b) teimpléad S.19.01.21 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le héilimh árachais neamhshaoil i bhformáid triantán forbartha, le haghaidh iomlán gach réime gnó neamhshaoil a shonraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.

Airteagal 15

Teimpléid chainníochtúla bhliantúla le haghaidh gnóthais aonair agus gnóthais árachais faoi chuing — Faisnéis maidir le ráthaíochtaí fadtéarmacha

Cuirfidh gnóthais árachais agus athárachais agus gnóthais árachais faoi chuing an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 304(1), pointe (d), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 isteach go bliantúil trí úsáid a bhaint as na teimpléid seo a leanas agus trí na treoracha seo a leanas a chomhlíonadh:

(a) teimpléad S.22.01.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le tionchar na ráthaíochtaí fadtéarmacha agus na mbeart idirthréimhseach, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.22.01 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(b) teimpléad S.22.04.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir leis an mbeart idirthréimhseach ráta úis, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.22.04 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(c) teimpléad S.22.05.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir leis an mbeart idirthréimhseach i ndáil le forálacha teicniúla, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.22.05 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(d) teimpléad S.22.06.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir leis an meastachán is fearr faoi réir coigeartú luaineachta de réir tíre agus airgeadra, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.22.06 d'Iarscríbhinn II á leanúint.

Airteagal 16

Teimpléid chainníochtúla bhliantúla le haghaidh gnóthais athárachais faoi chuing — Faisnéis maidir le ráthaíochtaí fadtéarmacha

Cuirfidh gnóthais athárachais faoi chuing an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 304(1), pointe (d), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 isteach go bliantúil trí úsáid a bhaint as teimpléad S.22.01.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le tionchar na ráthaíochtaí fadtéarmacha agus na mbeart idirthréimhseach, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.22.01 d'Iarscríbhinn II á leanúint.

Airteagal 17

Teimpléid chainníochtúla bhliantúla le haghaidh gnóthais aonair agus gnóthais árachais faoi chuing — Faisnéis maidir le cistí dílse agus rannpháirtíochtaí

Cuirfidh gnóthais árachais agus athárachais agus gnóthais árachais faoi chuing an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 304(1), pointe (d), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 isteach go bliantúil trí úsáid a bhaint as na teimpléid seo a leanas agus trí na treoracha seo a leanas a chomhlíonadh:

(a) teimpléad S.23.01.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le cistí dílse, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.23.01 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(b) teimpléad S.23.02.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis mhionsonraithe maidir le cistí dílse de réir leibhéal, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.23.02 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(c) i gcás ina n-athraíonn méid na gcistí dílse d'aon leibhéal níos mó ná 5 % i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, teimpléad S.23.03.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le gluaiseachtaí bliantúla i ndáil le cistí dílse, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.23.03 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(d) i gcás ina n-athraíonn méid na gcistí dílse d'aon leibhéal níos mó ná 5 % i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, teimpléad S.23.04.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear liosta míreanna maidir le cistí dílse, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.23.04 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(e) teimpléad S.24.01.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le rannpháirtíochtaí atá i seilbh an ghnóthais agus forbhreathnú ar ríomh na hasbhainte as cistí dílse a bhaineann le rannpháirtíochtaí in institiúidí airgeadais agus creidmheasa, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.24.01 d'Iarscríbhinn II á leanúint.

Airteagal 18

Teimpléid chainníochtúla bhliantúla le haghaidh gnóthais athárachais faoi chuing — Faisnéis maidir le cistí dílse agus rannpháirtíochtaí

Cuirfidh gnóthais athárachais faoi chuing an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 304(1), pointe (d), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 isteach go bliantúil trí úsáid a bhaint as teimpléad S.23.01.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le cistí dílse, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.23.01 d'Iarscríbhinn II á leanúint.

Airteagal 19

Teimpléid chainníochtúla bhliantúla le haghaidh gnóthais aonair agus gnóthais árachais faoi chuing — Faisnéis faoin gCeanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta

1. Cuirfidh gnóthais árachais agus athárachais agus gnóthais árachais faoi chuing an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 304(1), pointe (d), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 isteach go bliantúil trí úsáid a bhaint as na teimpléid seo a leanas agus trí na treoracha seo a leanas a chomhlíonadh:

(a) i gcás ina n-úsáideann an gnóthas an fhoirmle chaighdeánach chun an Ceanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta a ríomh, teimpléad S.25.01.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear an Ceanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.25.01 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(b) i gcás ina n-úsáideann an gnóthas samhail inmheánach pháirteach nó samhail inmheánach iomlán chun an Ceanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta a ríomh, teimpléad S.25.05.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear an Ceanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta. agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.25.05 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(c) teimpléad S.26.01.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le riosca margaidh, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.26.01 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(d) teimpléad S.26.02.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le riosca mainneachtana an chontrapháirtí, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.26.02 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(e) teimpléad S.26.03.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le riosca frithgheallta saoil, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.26.03 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(f) teimpléad S.26.04.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le riosca frithgheallta sláinte, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.26.04 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(g) teimpléad S.26.05.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le riosca frithgheallta neamhshaoil, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.26.05 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(h) teimpléad S.26.06.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le riosca oibriúcháin, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.26.06 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(i) teimpléad S.26.07.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir leis na simplithe arna n-úsáid i ríomh an Cheanglais maidir le Caipiteal Sócmhainneachta, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.26.07 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(j) teimpléad S.26.08.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear tuilleadh faisnéise maidir leis an tsamhail inmheánach arna húsáid le haghaidh an Cheanglais maidir le Caipiteal Sócmhainneachta, i gcás gnóthais a úsáideann samhail inmheánach pháirteach nó samhail inmheánach iomlán, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.26.08 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(k) teimpléad S.26.09.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le riosca margaidh agus creidmheasa na samhla inmheánaí le haghaidh ionstraimí airgeadais, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.26.09 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(l) teimpléad S.26.10.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le mionsonraí amhairc punainne na samhla inmheánaí i ndáil le riosca teagmhais creidmheasa, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.26.10 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(m) teimpléad S.26.11.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le mionsonraí na samhla inmheánaí le haghaidh ionstraimí airgeadais riosca creidmheasa, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.26.11 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(n) teimpléad S.26.12.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le samhail inmheánach le haghaidh ionstraimí neamhairgeadais riosca creidmheasa, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.26.12 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(o) teimpléad S.26.13.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le riosca frithgheallta neamhshaoil agus shláinte NSLT na samhla inmheánaí, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.26.13 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(p) teimpléad S.26.14.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le riosca frithgheallta saoil agus sláinte na samhla inmheánaí, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.26.14 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(q) teimpléad S.26.15.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le riosca oibriúcháin na samhla inmheánaí, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.26.15 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(r) teimpléad S.26.16.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le hathruithe na samhla inmheánaí, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.26.16 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(s) teimpléad S.27.01, ina sonraítear faisnéis maidir le riosca tubaiste neamhshaoil, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.27.01 d'Iarscríbhinn II á leanúint mar a leanas:

(i) i gcás gnóthais árachais agus athárachais seachas gnóthas árachais nó athárachais faoi chuing, teimpléad S. 27.01.01 d'Iarscríbhinn I,

(ii) i gcás gnóthais árachais nó athárachais faoi chuing, faisnéis achomair agus faisnéis maidir le simplithe arna n-úsáid i ndáil le riosca tubaiste neamhshaoil agus sláinte.

2. I gcás cistí imfhálaithe nó punanna coigeartaithe meaitseála, ní dhéanfar an fhaisnéis sna teimpléid dá dtagraítear i mír 1, pointí (c) go (s), a thuairisciú don eintiteas ina iomláine.

3. I gcás ina n-úsáidtear samhail inmheánach pháirteach, ní dhéanfar an fhaisnéis sna teimpléid dá dtagraítear i mír 1, pointí (c) go (s), a thuairisciú ach amháin i ndáil leis na rioscaí a chumhdaítear leis an bhfoirmle chaighdeánach, agus ní dhéanfar na teimpléid dá dtagraítear i mír 1, pointí (j) go (r), a thuairisciú ach amháin i ndáil leis na rioscaí a chumhdaítear leis an tsamhail inmheánach.

4. I gcás ina n-úsáidtear samhail inmheánach iomlán, ní dhéanfar an fhaisnéis sna teimpléid dá dtagraítear i mír 1, pointí (c) go (s), a thuairisciú agus déanfar na teimpléid dá dtagraítear i mír 1, pointí (j) go (r), a thuairisciú.

Airteagal 20

Teimpléid chainníochtúla bhliantúla le haghaidh gnóthais athárachais faoi chuing — Faisnéis faoin gCeanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta

1. Cuirfidh gnóthais athárachais faoi chuing an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 304(1), pointe (d), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 isteach go bliantúil trí úsáid a bhaint as na teimpléid seo a leanas agus trí na treoracha seo a leanas a chomhlíonadh:

(a) i gcás ina n-úsáideann an gnóthas an fhoirmle chaighdeánach chun an Ceanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta a ríomh, teimpléad S.25.01.21 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear an Ceanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.25.01 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(b) i gcás ina n-úsáideann an gnóthas samhail inmheánach pháirteach nó samhail inmheánach iomlán chun an Ceanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta a ríomh, teimpléad S.25.05.21 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear an Ceanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta. agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.25.05 d'Iarscríbhinn II á leanúint.

Airteagal 21

Teimpléid chainníochtúla bhliantúla le haghaidh gnóthais aonair agus gnóthais árachais faoi chuing agus gnóthais athárachais faoi chuing— Faisnéis maidir leis an íoscheanglas caipitil

Cuirfidh gnóthais árachais agus athárachais agus gnóthais árachais faoi chuing agus gnóthais athárachais faoi chuing an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 304(1), pointe (d), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 isteach go bliantúil trí úsáid a bhaint as na teimpléid seo a leanas agus trí na treoracha seo a leanas a chomhlíonadh:

(a) i gcás nach mbíonn gnóthais árachais agus athárachais ag gabháil ach do ghníomhaíocht árachais nó athárachais saoil nó do ghníomhaíocht árachais nó athárachais neamhshaoil, teimpléad S.28.01.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear an tÍoscheanglas Caipitil, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.28.01 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(b) i gcás ina bhfuil gnóthais árachais ag gabháil do ghníomhaíocht árachais saoil agus do ghníomhaíocht árachais neamhshaoil araon, teimpléad S.28.02.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear an tÍoscheanglas Caipitil, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.28.02 d'Iarscríbhinn II á leanúint.

Airteagal 22

Teimpléid chainníochtúla bhliantúla le haghaidh gnóthais aonair— Faisnéis maidir le hanailís ar inathraitheacht

Cuirfidh gnóthais árachais agus athárachais an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 304(1), pointe (d), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 isteach go bliantúil trí úsáid a bhaint as na teimpléid seo a leanas agus trí na treoracha seo a leanas a chomhlíonadh:

(a) teimpléad S.29.01.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le hinathraitheacht na sócmhainní de bhreis ar dhliteanais le linn na bliana tuairiscithe ina dtugtar achoimre ar phríomhfhoinsí na hinathraitheachta sin, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.29.01 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(b) teimpléad S.29.02.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir leis an gcuid d'inathraitheacht na sócmhainní de bhreis ar dhliteanais le linn na bliana tuairiscithe a mhínítear le hinfheistíochtaí agus dliteanais airgeadais, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.29.02 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(c) teimpléid S.29.03.01 agus S.29.04.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir leis an gcuid d'inathraitheacht na sócmhainní de bhreis ar dhliteanais le linn na bliana tuairiscithe a mhínítear le forálacha teicniúla, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.29.03 agus S.29.04 d'Iarscríbhinn II á leanúint.

Airteagal 23

Teimpléid chainníochtúla bhliantúla le haghaidh gnóthais aonair agus gnóthais árachais faoi chuing — Faisnéis maidir le hathárachas agus meáin shainchuspóireacha

Cuirfidh gnóthais árachais agus athárachais agus gnóthais árachais faoi chuing an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 304(1), pointe (d), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 isteach go bliantúil trí úsáid a bhaint as na teimpléid seo a leanas agus trí na treoracha seo a leanas a chomhlíonadh:

(a) i gcás ina bhfuil méid in-aisghabhála ón athárachas níos airde ná 10 % d'iomlán an mheastacháin is fearr a ríomhtar ar leithligh le haghaidh gníomhaíocht saoil agus gníomhaíocht neamhshaoil, teimpléad S.30.01.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le cumhdaigh roghnacha sa chéad bhliain tuairiscithe eile lena gcumhdaítear faisnéis maidir leis an 20 neamhchosaint athárachais roghnach is mó agus maidir leis an 2 neamhchosaint is mó i ngach réim ghnó mar a shonraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, a mhéid nach gcumhdaítear é leis an 20 neamhchosaint is mó, a n-úsáidtear athárachas roghnach ina leith, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.30.01 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo á leanúint;

(b) i gcás ina bhfuil méid in-aisghabhála ón athárachas níos airde ná 10 % d'iomlán an mheastacháin is fearr a ríomhtar ar leithligh le haghaidh gníomhaíocht saoil agus gníomhaíocht neamhshaoil, teimpléad S.30.02.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le sciar athárachóirí na gcumhdach roghnach sa chéad bhliain tuairiscithe eile lena gcumhdaítear faisnéis maidir leis an 20 neamhchosaint athárachais roghnach is mó agus maidir leis an 2 neamhchosaint is mó i ngach réim ghnó mar a shonraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, a mhéid nach gcumhdaítear é leis an 20 neamhchosaint is mó, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.30.02 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo á leanúint;

(c) i gcás ina bhfuil méid in-aisghabhála ón athárachas níos airde ná 10 % d'iomlán an mheastacháin is fearr a ríomhtar ar leithligh le haghaidh gníomhaíocht saoil agus gníomhaíocht neamhshaoil, teimpléad S.30.03.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir leis an gclár athárachais amach sa chéad bhliain tuairiscithe eile lena gcumhdaítear faisnéis ionchasach maidir le conarthaí athárachais a bhfuil an chéad bhliain tuairiscithe eile san áireamh sa tréimhse bhailíochta a ghabhann leo nó ina bhforluíonn a dtréimhse bhailíochta leis an gcéad bhliain tuairiscithe eile, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.30.03 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(d) i gcás ina bhfuil méid in-aisghabhála ón athárachas níos airde ná 10 % d'iomlán an mheastacháin is fearr a ríomhtar ar leithligh le haghaidh gníomhaíocht saoil agus gníomhaíocht neamhshaoil, teimpléad S.30.04.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir leis an gclár athárachais amach sa chéad bhliain tuairiscithe eile lena gcumhdaítear faisnéis ionchasach maidir le conarthaí athárachais a bhfuil an chéad bhliain tuairiscithe eile san áireamh sa tréimhse bhailíochta a ghabhann leo nó ina bhforluíonn a dtréimhse bhailíochta leis an gcéad bhliain tuairiscithe eile, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.30.04 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(e) teimpléad S.31.01.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le sciar na n-athárachóirí, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.31.01 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(f) teimpléad S.31.02.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le meáin shainchuspóireacha ó thaobh an ghnóthais árachais nó athárachais a aistríonn riosca chuig na meáin shainchuspóireacha, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.31.02 d'Iarscríbhinn II á leanúint.

Airteagal 24

Teimpléid chainníochtúla bhliantúla le haghaidh gnóthais aonair agus gnóthais árachais faoi chuing agus gnóthais athárachais faoi chuing — Faisnéis maidir le cistí imfhálaithe, punanna coigeartaithe meaitseála ábhartha agus an chuid atá fágtha

1. Cuirfidh gnóthais árachais agus athárachais agus gnóthais árachais faoi chuing agus gnóthais athárachais faoi chuing an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 304(1), pointe (d), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 isteach go bliantúil i ndáil le gach ciste imfhálaithe ábhartha, i ndáil le gach punann coigeartaithe meaitseála ábhartha agus i ndáil leis an gcuid atá fágtha, trí úsáid a bhaint as na teimpléid seo a leanas agus trí na treoracha seo a leanas a chomhlíonadh:

(a) teimpléad SR.01.01.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear ábhar an tíolactha, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.01.01 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(b) i gcás gach ciste imfhálaithe ábhartha agus i gcás na coda atá fágtha, teimpléad SR.02.01.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir leis an gclár comhardaithe trí úsáid a bhaint as an luacháil i gcomhréir le hAirteagal 75 de Threoir 2009/138/CE agus as an luacháil de réir ráitis airgeadais an ghnóthais, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.02.01 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo á leanúint;

(c) teimpléad SR.12.01.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le forálacha teicniúla saoil agus shláinte SLT le haghaidh gach réime gnó mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.12.01 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo á leanúint;

(d) teimpléad SR.17.01.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le forálacha teicniúla neamhshaoil le haghaidh gach réime gnó mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.17.01 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo á leanúint;

(e) teimpléad SR.22.02.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le réamh-mheastachán sreafaí airgid todhchaí chun an meastachán is fearr a ríomh de réir gach punainne coigeartaithe meaitseála ábhartha, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.22.02 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(f) teimpléad SR.22.03.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir leis na punanna coigeartaithe meaitseála de réir gach punainne coigeartaithe meaitseála ábhartha, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.22.03 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(g) i gcás ina n-úsáideann an gnóthas an fhoirmle chaighdeánach chun an Ceanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta a ríomh, teimpléad SR.25.01.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear an Ceanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.25.01 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(h) i gcás ina n-úsáideann an gnóthas samhail inmheánach pháirteach nó samhail inmheánach iomlán chun an Ceanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta a ríomh, teimpléad SR.25.05.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear an Ceanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.25.05 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(i) teimpléad SR.26.01.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le riosca margaidh, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.26.01 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(j) teimpléad SR.26.02.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le riosca mainneachtana an chontrapháirtí, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.26.02 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(k) teimpléad SR.26.03.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le riosca frithgheallta saoil, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.26.03 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(l) teimpléad SR.26.04.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le riosca frithgheallta sláinte, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.26.04 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(m) teimpléad SR.26.05.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le riosca frithgheallta neamhshaoil, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.26.05 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(n) teimpléad SR.26.06.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le riosca oibriúcháin, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.26.06 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(o) teimpléad SR.26.07.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir leis na simplithe arna n-úsáid i ríomh an Cheanglais maidir le Caipiteal Sócmhainneachta, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.26.07 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(p) i gcás gnóthais a úsáideann samhail inmheánach pháirteach nó samhail inmheánach iomlán, teimpléad SR.26.08.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear tuilleadh faisnéise maidir leis an tsamhail inmheánach arna húsáid le haghaidh an Cheanglais maidir le Caipiteal Sócmhainneachta, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.26.08 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(q) teimpléad SR.27.01.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le riosca tubaiste neamhshaoil, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.27.01 d'Iarscríbhinn II á leanúint.

2. I gcás ina n-úsáidtear samhail inmheánach pháirteach, ní dhéanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1, pointí (i) go (o) agus (q), a thuairisciú ach amháin i ndáil leis na rioscaí a chumhdaítear leis an bhfoirmle chaighdeánach, agus déanfar an fhaisnéis sa teimpléad dá dtagraítear i mír 1, pointe (p), a thuairisciú i ndáil leis na rioscaí a chumhdaítear leis an tsamhail inmheánach.

3. I gcás ina n-úsáidtear samhail inmheánach iomlán, ní dhéanfar an fhaisnéis sna teimpléid dá dtagraítear i mír 1, pointí (i) go (o) agus (q), a thuairisciú agus déanfar an fhaisnéis sa teimpléad dá dtagraítear i mír 1, pointe (p), a thuairisciú.

Airteagal 25

Teimpléid chainníochtúla bhliantúla le haghaidh gnóthais aonair — faisnéis maidir le hidirbhearta inghrúpa

Gnóthais árachais agus athárachais nach cuid de ghrúpa iad dá dtagraítear in Airteagal 213(2), pointí (a), (b) nó (c), de Threoir 2009/138/CE agus arb é cuideachta sealbhaíochta árachais atá ag plé le gníomhaíochtaí measctha a máthairghnóthas, cuirfidh siad an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 245(2), an dara fomhír, den Treoir sin, i gcomhar le hAirteagal 265 den Treoir sin, isteach go bliantúil, trí úsáid a bhaint as na teimpléid seo a leanas agus trí na treoracha seo a leanas a chomhlíonadh:

(a) teimpléad S.36.01.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le hidirbhearta inghrúpa móra a bhaineann le hidirbhearta de chineál cothromais, fiachas agus aistriú sócmhainní, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.36.01 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(b) teimpléad S.36.02.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le hidirbhearta inghrúpa móra i ndáil le díorthaigh, lena n-áirítear na ráthaíochtaí lena dtacaítear le haon ionstraim dhíorthach, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.36.02 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(c) teimpléad S.36.03.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le hidirbhearta inghrúpa móra i ndáil le hítimí lasmuigh den chlár comhardaithe agus dliteanais theagmhasacha, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.36.03 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(d) teimpléad S.36.04.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le hidirbhearta inghrúpa móra i ndáil le hárachas agus athárachas, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.36.04 d'Iarscríbhinn II á leanúint;

(e) teimpléad S.36.05.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le hidirbhearta inghrúpa móra i ndáil le brabús agus caillteanas, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.36.05 d'Iarscríbhinn II á leanúint.

Airteagal 26

Teimpléid chainníochtúla le haghaidh gnóthais aonair — faisnéis maidir le hidirbhearta inghrúpa

Gnóthais árachais agus athárachais nach cuid de ghrúpa iad dá dtagraítear in Airteagal 213(2), pointí (a), (b) nó (c), de Threoir 2009/138/CE agus arb é cuideachta sealbhaíochta árachais atá ag plé le gníomhaíochtaí measctha a máthairghnóthas, tuairisceoidh siad idirbhearta inghrúpa an-mhór dá dtagraítear in Airteagal 245(2), an dara fomhír, den Treoir sin, agus idirbhearta inghrúpa atá le tuairisciú i ngach imthoisc dá dtagraítear in Airteagal 245(3) den Treoir sin, a luaithe is féidir trí úsáid a bhaint as na teimpléid ábhartha i measc theimpléid S.36.00.01 go S.36.05.01 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.36.00 go S.36.05 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo á leanúint.

CAIBIDIL III

TEIMPLÉID CHAINNÍOCHTÚLA TUAIRISCITHE LE hAGHAIDH GRÚPAÍ

Airteagal 27

Teimpléid chainníochtúla ráithiúla le haghaidh grúpaí

1. Gnóthais árachais agus athárachais rannpháirtíochta, cuideachtaí sealbhaíochta árachais agus cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha, déanfaidh siad an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 304(1), pointe (d), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 a chur isteach go ráithiúil, ach amháin má tá raon feidhme nó minicíocht an tuairiscithe teoranta i gcomhréir le hAirteagal 254(2), an dara fomhír, de Threoir 2009/138/CE, trí úsáid a bhaint as na teimpléid seo a leanas agus trí na treoracha seo a leanas a chomhlíonadh:

(a) teimpléad S.01.01.05 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear ábhar an tíolactha, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.01.01 d'Iarscríbhinn III á leanúint;

(b) teimpléad S.01.02.04 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis bhunúsach maidir leis an ngrúpa agus maidir le hábhar an tuairiscithe i gcoitinne, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.01.02 d'Iarscríbhinn III á leanúint;

(c) i gcás ina n-úsáideann an grúpa modh 1 mar a shonraítear in Airteagal 230 de Threoir 2009/138/CE, go heisiach nó i gcomhcheangal le modh 2 mar a shonraítear in Airteagal 233 den Treoir sin chun grúpshócmhainneacht a ríomh, teimpléad S.02.01.02 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, ina sonraítear faisnéis maidir leis an gclár comhardaithe, trí úsáid a bhaint as an modh luachála dá dtagraítear in Airteagal 75 de Threoir 2009/138/CE, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.02.01 d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo á leanúint;

(d) teimpléad S.05.01.02 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le préimheanna, éilimh agus costais, le haghaidh gach réime gnó mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, trí úsáid a bhaint as na prionsabail luachála agus aitheantais a úsáidtear sna ráitis airgeadais chomhdhlúite, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.05.01 d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo á leanúint;

(e) teimpléad S.06.02.04 d'Iarscríbhinn I, ina soláthraítear liosta mír ar mhír de shócmhainní, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.06.02 d'Iarscríbhinn III á leanúint agus trí úsáid a bhaint as cód CIC mar a leagtar amach in Iarscríbhinn V agus a shainmhínítear in Iarscríbhinn VI;

(f) i gcás ina bhfuil an cóimheas idir na comhinfheistíochtaí atá i seilbh an ghrúpa agus na hinfheistíochtaí iomlána níos airde ná 30 %, teimpléad S.06.03.04 d'Iarscríbhinn I, lena soláthraítear faisnéis maidir le trédhearcacht na gcomhinfheistíochtaí uile atá i seilbh an ghrúpa, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.06.03 d'Iarscríbhinn III á leanúint;

(g) teimpléad S.08.01.04 d'Iarscríbhinn I, ina soláthraítear liosta mír ar mhír de shuíomhanna oscailte díorthach, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.08.01 d'Iarscríbhinn III á leanúint agus trí úsáid a bhaint as cód CIC mar a leagtar amach in Iarscríbhinn V agus a shainmhínítear in Iarscríbhinn VI;

(h) teimpléad S.23.01.04 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le cistí dílse, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.23.01 d'Iarscríbhinn III á leanúint.

2. Chun críocha mhír 1, pointe (f), i gcás ina n-úsáidtear modh 1 mar a shonraítear in Airteagal 230 de Threoir 2009/138/CE go heiseach chun grúpshócmhainneacht a ríomh, déanfar an cóimheas idir na comhinfheistíochtaí atá i seilbh an ghrúpa agus na hinfheistíochtaí iomlána a chinneadh trí shuim mhíreanna C0010/R0180, na ngnóthas comhinfheistíochta a áirítear i mír C0010/R0220 agus na ngnóthas comhinfheistíochta a áirítear i mír C0010/R0090 de theimpléad S.02.01.02, arna roinnt ar shuim mhíreanna C0010/R0070 agus C0010/R0220 de theimpléad S.02.01.02. I gcás ina n-úsáidtear modh 1 i gcomhcheangal le modh 2 mar a shonraítear in Airteagal 233 de Threoir 2009/138/CE nó i gcás ina n-úsáidtear modh 2 go heiseach chun grúpshócmhainneacht a ríomh, ríomhfar an cóimheas i gcomhréir leis an gcéad abairt den mhír seo agus coigeartófar é chun na míreanna is gá de chuid na n-eintiteas uile a áirítear i raon feidhme theimpléad S.06.02.04 a ghabháil.

Airteagal 28

Simplithe a cheadaítear maidir le tuairisciú ráithiúil le haghaidh grúpaí

Maidir leis an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 27(1), pointe (c), den Rialachán seo, féadfaidh tomhais ráithiúla brath ar mheastacháin agus ar mhodhanna meastacháin níos mó ná tomhais ar shonraí airgeadais bliantúla. Dearfar na nósanna imeachta tomhais maidir leis an tuairisciú ráithiúil chun a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis a eascraíonn as sin iontaofa agus go gcomhlíonfaidh sí na caighdeáin a leagtar síos i dTreoir 2009/138/CE agus go dtuairisceofar an fhaisnéis ábhartha uile atá ábhartha chun na sonraí a thuiscint.

Airteagal 29

Teimpléid chainníochtúla bhliantúla le haghaidh grúpaí — Faisnéis bhunúsach agus ábhar an tíolactha

Gnóthais árachais agus athárachais rannpháirtíochta, cuideachtaí sealbhaíochta árachais agus cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha, cuirfidh siad an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 304(1), pointe (d), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 isteach go bliantúil, i gcomhar le hAirteagal 372(1) den Rialachán Tarmligthe sin, trí úsáid a bhaint as na teimpléid seo a leanas agus trí na treoracha seo a leanas a chomhlíonadh:

(a) teimpléad S.01.01.04 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear ábhar an tíolactha, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.01.01 d'Iarscríbhinn III á leanúint;

(b) teimpléad S.01.02.04 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis bhunúsach maidir leis an ngnóthas agus maidir le hábhar an tuairiscithe i gcoitinne, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.01.02 d'Iarscríbhinn III á leanúint;

(c) i gcás ina n-úsáideann an grúpa modh 1 mar a shainmhínítear in Airteagal 230 de Threoir 2009/138/CE, go heisiach nó i gcomhcheangal le modh 2 mar a shainmhínítear in Airteagal 233 den Treoir sin chun grúpshócmhainneacht a ríomh, teimpléad S.01.03.04 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, ina sonraítear faisnéis bhunúsach maidir leis na cistí imfhálaithe agus na punanna coigeartaithe meaitseála, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.01.03 d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo á leanúint.

Airteagal 30

Teimpléid chainníochtúla bhliantúla le haghaidh grúpaí — Faisnéis maidir leis an gclár comhardaithe agus faisnéis ghinearálta eile

1. Gnóthais árachais agus athárachais rannpháirtíochta, cuideachtaí sealbhaíochta árachais agus cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha, cuirfidh siad an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 304(1), pointe (d), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 isteach go bliantúil, i gcomhar le hAirteagal 372(1) den Rialachán Tarmligthe sin, trí úsáid a bhaint as na teimpléid seo a leanas agus trí na treoracha seo a leanas a chomhlíonadh:

(a) teimpléad SR.02.01.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir leis an gclár comhardaithe trí úsáid a bhaint as an modh luachála dá dtagraítear in Airteagal 75 de Threoir 2009/138/CE agus as an luacháil de réir na ráiteas airgeadais comhdhlúite, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.02.01 d'Iarscríbhinn III á leanúint;

(b) ach amháin i gcás inarb éard atá in airgeadra aonair amháin níos mó ná 80 % de na dliteanais iomlána, teimpléad S.02.02.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le sócmhainní agus dliteanais de réir airgeadra, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.02.02 d'Iarscríbhinn III á leanúint;

(c) teimpléad S.03.01.04 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis ghinearálta maidir le míreanna lasmuigh den chlár comhardaithe, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.03.01 d'Iarscríbhinn III á leanúint, i gcás ina bhfuil feidhm ag (i) nó (ii):

(i) tá méid aon cheann de na luachanna seo a leanas níos airde ná 2 % d'Iomlán na Sócmhainní:

(1) luach ráthaíochta/comhthaobhachta/dliteanas teagmhasach — Ráthaíochtaí arna soláthar ag an ngnóthas, lena n-áirítear litreacha creidmheasa (C0020/R0010) móide Luach ráthaíochta/comhthaobhachta/dliteanas teagmhasach — Comhthaobhacht iomlán atá curtha i ngeall (C0020/R0300) móide Uasluach — Dliteanais theagmhasacha iomlána (C0010/R0400); nó

(2) luach ráthaíochta/comhthaobhachta/dliteanas teagmhasach — Ráthaíochtaí atá faighte ag an ngnóthas, lena n-áirítear litreacha creidmheasa (C0020/R0030) móide Luach ráthaíochta/comhthaobhachta/dliteanas teagmhasach — Comhthaobhacht iomlán arna sealbhú (C0020/R0200);

(ii) sholáthair nó fuair an gnóthas ráthaíocht neamhtheoranta;

(d) teimpléad S.05.01.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le préimheanna, éilimh agus costais le haghaidh gach réime gnó mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, trí na prionsabail luachála agus aitheantais a úsáidtear sna ráitis airgeadais chomhdhlúite a chur i bhfeidhm, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.05.01 d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo á leanúint;

(e) teimpléad S.05.02.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le préimheanna, éilimh agus costais de réir tíre trí na prionsabail luachála agus aitheantais a úsáidtear sna ráitis airgeadais chomhdhlúite a chur i bhfeidhm, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.05.02 d'Iarscríbhinn III á leanúint.

2. Is iad na gnóthais árachais agus athárachais rannpháirtíochta, na cuideachtaí sealbhaíochta árachais agus na cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha a úsáideann modh 1, mar a shainmhínítear in Airteagal 230 de Threoir 2009/138/CE, go heisiach nó i gcomhcheangal le modh 2 mar a shainmhínítear in Airteagal 233 den Treoir sin chun grúpshócmhainneacht a ríomh, agus iad sin amháin a fhéadfaidh na teimpléid dá dtagraítear i mír 1, pointí (a) agus (b), a chur isteach.

Airteagal 31

Teimpléid chainníochtúla bhliantúla le haghaidh grúpaí — Faisnéis maidir le hinfheistíochtaí

1. Gnóthais árachais agus athárachais rannpháirtíochta, cuideachtaí sealbhaíochta árachais agus cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha, mura ndíolmhaítear iad faoi Airteagal 254(2), an tríú fomhír, de Threoir 2009/138/CE i ndáil le teimpléad sonrach, cuirfidh siad an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 304(1), pointe (d), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 isteach go bliantúil, trí úsáid a bhaint as na teimpléid seo a leanas agus trí na treoracha seo a leanas a chomhlíonadh:

(a) i gcás ina ndíolmhaítear an grúpa ó theimpléad S.06.02.04 a thuairisciú i ndáil leis an ráithe dheireanach i gcomhréir le hAirteagal 254(2), an dara fomhír, de Threoir 2009/138/CE, teimpléad S.06.02.04 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, ina soláthraítear liosta mír ar mhír de shócmhainní, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.06.02 d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo á leanúint;

(b) i gcás ina ndíolmhaítear an grúpa ó theimpléad S.06.03.04 a thuairisciú i ndáil leis an ráithe dheireanach i gcomhréir le hAirteagal 254(2), an dara fomhír, de Threoir 2009/138/CE, nó i gcás nár thuairiscigh sé go ráithiúil é toisc nach bhfuil an cóimheas idir na comhinfheistíochtaí atá i seilbh an ghrúpa agus na hinfheistíochtaí iomlána, dá dtagraítear in Airteagal 27(1), pointe (f), den Rialachán seo, níos airde ná 30 %, teimpléad S.06.03.04 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, ina soláthraítear faisnéis maidir le trédhearcacht na gcomhinfheistíochtaí uile atá i seilbh na ngnóthas, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.06.03 d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo á leanúint;

(c) i gcás ina bhfuil an cóimheas idir luach na dtáirgí struchtúrtha atá i seilbh an ghrúpa agus na hinfheistíochtaí iomlána níos airde ná 5 %, teimpléad S.07.01.04 d'Iarscríbhinn I, ina soláthraítear liosta mír ar mhír de tháirgí struchtúrtha, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.07.01 d'Iarscríbhinn III á leanúint;

(d) i gcás ina ndíolmhaítear an grúpa ó theimpléad S.08.01.04 a thuairisciú i ndáil leis an ráithe dheireanach i gcomhréir le hAirteagal 254(2), an dara fomhír, de Threoir 2009/138/CE, teimpléad S.08.01.04 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, ina soláthraítear liosta mír ar mhír de shuíomhanna oscailte díorthach, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.08.01 d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo á leanúint;

(e) teimpléad S.09.01.04 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le hioncam, gnóthachain agus caillteanais sa tréimhse tuairiscithe de réir catagóir sócmhainne mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn IV, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.09.01 d'Iarscríbhinn III á leanúint;

(f) i gcás ina bhfuil an cóimheas idir luach na n-urrús foluiteach laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe, a bhfuil baint acu le comhaontuithe iasachta nó athcheannaigh, i gcás conarthaí ag a bhfuil dátaí aibíochta tar éis an dáta tuairiscithe tagartha, agus na hinfheistíochtaí iomlána níos airde ná 5 %, teimpléad S.10.01.04 d'Iarscríbhinn I, ina soláthraítear liosta mír ar mhír de chomhaontuithe iasachta agus athcheannaigh urrús laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.10.01 d'Iarscríbhinn III á leanúint;

(g) i gcás inar mó ná 10 % an cóimheas idir luach na sócmhainní atá á sealbhú mar chomhthaobhacht agus iomlán an chláir chomhardaithe mar a thuairiscítear i míreanna C0010/R0500 de theimpléad S.02.01.01, teimpléad S.11.01.04 d'Iarscríbhinn I, ina soláthraítear liosta mír ar mhír de shócmhainní atá á sealbhú mar chomhthaobhacht, liosta arb é atá ann cineálacha uile catagóirí sócmhainní lasmuigh den chlár comhardaithe atá á sealbhú mar chomhthaobhacht, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.11.01 d'Iarscríbhinn III á leanúint.

2. Chun críocha mhír 1, pointe (c), i gcás ina n-úsáidtear modh 1 go heiseach chun grúpshócmhainneacht mar a shonraítear in Airteagal 230 de Threoir 2009/138/CE a ríomh, déanfar an cóimheas idir luach na dtáirgí struchtúrtha atá i seilbh an ghrúpa agus na hinfheistíochtaí iomlána a chinneadh trí shuim na sócmhainní a aicmítear i gcatagóirí 5 agus 6, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo, arna roinnt ar shuim mhíreanna C0010/R0070 agus C0010/R0020 de theimpléad S.02.01.01. I gcás ina n-úsáidtear modh 1 i gcomhcheangal le modh 2 mar a shonraítear in Airteagal 233 de Threoir 2009/138/CE nó i gcás ina n-úsáidtear modh 2 go heiseach chun grúpshócmhainneacht a ríomh, ríomhfar an cóimheas i gcomhréir leis an gcéad abairt den mhír seo agus coigeartófar é chun na míreanna is gá de chuid na n-eintiteas uile a áirítear i raon feidhme theimpléad S.06.02.04 a ghabháil.

3. Chun críocha mhír 1, pointe (f), i gcás ina n-úsáidtear modh 1 mar a shonraítear in Airteagal 230 de Threoir 2009/138/CE go heiseach chun grúpshócmhainneacht a ríomh, déanfar an cóimheas a chinneadh trí shuim na n-urrús foluiteach, laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe, a bhfuil baint acu le comhaontuithe iasachta nó athcheannaigh, i gcás conarthaí ag a bhfuil dátaí aibíochta tar éis an dáta tuairiscithe tagartha, arna roinnt ar shuim mhíreanna C0010/R0070 agus C0010/R0220 de theimpléad S.02.01.01. I gcás ina n-úsáidtear modh 1 i gcomhcheangal le modh 2 mar a shonraítear in Airteagal 233 de Threoir 2009/138/CE nó i gcás ina n-úsáidtear modh 2 go heiseach chun grúpshócmhainneacht a ríomh, ríomhfar an cóimheas i gcomhréir leis an gcéad abairt den mhír seo agus coigeartófar é chun na míreanna is gá de chuid na n-eintiteas uile a áirítear i raon feidhme theimpléad S.06.02.04 a ghabháil.

Airteagal 32

Teimpléid chainníochtúla bhliantúla le haghaidh grúpaí — Faisnéis maidir le ráthaíochtaí fadtéarmacha

Gnóthais árachais agus athárachais rannpháirtíochta, cuideachtaí sealbhaíochta árachais agus cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha, cuirfidh siad an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 304(1), pointe (d), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 isteach go bliantúil, i gcomhar le hAirteagal 372(1) den Rialachán Tarmligthe sin, trí úsáid a bhaint as teimpléad S.22.01.04 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, ina sonraítear faisnéis maidir le tionchar na ráthaíochtaí fadtéarmacha agus na mbeart idirthréimhseach, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.22.01 d'Iarscríbhinn III á leanúint.

Airteagal 33

Teimpléid chainníochtúla bhliantúla le haghaidh grúpaí — Faisnéis maidir le cistí dílse

1. Gnóthais árachais agus athárachais rannpháirtíochta, cuideachtaí sealbhaíochta árachais agus cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha, cuirfidh siad an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 304(1), pointe (d), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 isteach go bliantúil, i gcomhar le hAirteagal 372(1) den Rialachán Tarmligthe sin, trí úsáid a bhaint as na teimpléid seo a leanas agus trí na treoracha seo a leanas a chomhlíonadh:

(a) teimpléad S.23.01.04 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le cistí dílse, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.23.01 d'Iarscríbhinn III á leanúint;

(b) teimpléad S.23.02.04 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis mhionsonraithe maidir le cistí dílse de réir leibhéal, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.23.02 d'Iarscríbhinn III á leanúint;

(c) i gcás ina n-athraíonn méid na gcistí dílse d'aon leibhéal níos mó ná 5 % i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, teimpléad S.23.03.04 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le gluaiseachtaí bliantúla i ndáil le cistí dílse, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.23.03 d'Iarscríbhinn III á leanúint;

(d) i gcás ina n-athraíonn méid na gcistí dílse d'aon leibhéal níos mó ná 5 % i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, teimpléad S.23.04.04 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear liosta míreanna maidir le cistí dílse, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.23.04 d'Iarscríbhinn III á leanúint.

Chun críocha phointe (d), déanfar an teimpléad a thuairisciú i láthair míreanna cistí dílse nach bhfuil ar fáil, gan beann ar an tairseach.

2. Is iad na gnóthais árachais agus athárachais rannpháirtíochta, na cuideachtaí sealbhaíochta árachais agus na cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha a úsáideann modh 1, mar a shonraítear in Airteagal 230 de Threoir 2009/138/CE, go heisiach nó i gcomhcheangal le modh 2 mar a shonraítear in Airteagal 233 den Treoir sin chun grúpshócmhainneacht a ríomh, agus iad sin amháin a fhéadfaidh na teimpléid dá dtagraítear i mír 1, pointí (b) agus (c), a chur isteach.

Airteagal 34

Teimpléid chainníochtúla bhliantúla le haghaidh grúpaí — Faisnéis faoin gCeanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta

1. Gnóthais árachais agus athárachais rannpháirtíochta, cuideachtaí sealbhaíochta árachais agus cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha a úsáideann modh 1, mar a shonraítear in Airteagal 230 de Threoir 2009/138/CE, go heisiach nó i gcomhcheangal le modh 2 mar a shonraítear in Airteagal 233 den Treoir sin chun grúpshócmhainneacht a ríomh, cuirfidh siad an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 304(1), pointe (d), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 isteach go bliantúil, trí úsáid a bhaint as na teimpléid seo a leanas agus trí na treoracha seo a leanas a chomhlíonadh:

(a) i gcás ina n-úsáideann an grúpa an fhoirmle chaighdeánach chun an Ceanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta a ríomh, teimpléad S.25.01.04 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear an Ceanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta. agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.25.01 d'Iarscríbhinn III á leanúint;

(b) i gcás ina n-úsáideann an grúpa samhail inmheánach pháirteach nó samhail inmheánach iomlán chun an Ceanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta a ríomh, teimpléad S.25.05.04 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear an Ceanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.25.05 d'Iarscríbhinn III á leanúint;

(c) teimpléad S.26.01.04 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le riosca margaidh, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.26.01 d'Iarscríbhinn III á leanúint;

(d) teimpléad S.26.02.04 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le riosca mainneachtana an chontrapháirtí, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.26.02 d'Iarscríbhinn III á leanúint;

(e) teimpléad S.26.03.04 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le riosca frithgheallta saoil, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.26.03 d'Iarscríbhinn III á leanúint;

(f) teimpléad S.26.04.04 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le riosca frithgheallta sláinte, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.26.04 d'Iarscríbhinn III á leanúint;

(g) teimpléad S.26.05.04 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le riosca frithgheallta neamhshaoil, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.26.05 d'Iarscríbhinn III á leanúint;

(h) teimpléad S.26.06.04 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le riosca oibriúcháin, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.26.06 d'Iarscríbhinn III á leanúint;

(i) teimpléad S.26.07.04 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir leis na simplithe arna n-úsáid i ríomh an Cheanglais maidir le Caipiteal Sócmhainneachta, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.26.07 d'Iarscríbhinn III á leanúint;

(j) teimpléad S.26.08.04 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear tuilleadh faisnéise maidir leis an tsamhail inmheánach arna húsáid le haghaidh an Cheanglais maidir le Caipiteal Sócmhainneachta, i gcás gnóthais a úsáideann samhail inmheánach pháirteach nó samhail inmheánach iomlán, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.26.08 d'Iarscríbhinn III á leanúint;

(k) teimpléad S.26.09.04 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le riosca margaidh agus creidmheasa na samhla inmheánaí le haghaidh ionstraimí airgeadais, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.26.09 d'Iarscríbhinn III á leanúint;

(l) teimpléad S.26.10.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le mionsonraí amhairc punainne na samhla inmheánaí i ndáil le riosca teagmhais creidmheasa, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.26.10 d'Iarscríbhinn III á leanúint;

(m) teimpléad S.26.11.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le mionsonraí na samhla inmheánaí le haghaidh ionstraimí airgeadais riosca creidmheasa, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.26.11 d'Iarscríbhinn III á leanúint;

(n) teimpléad S.26.12.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le samhail inmheánach le haghaidh ionstraimí neamhairgeadais riosca creidmheasa, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.26.12 d'Iarscríbhinn III á leanúint;

(o) teimpléad S.26.13.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le riosca frithgheallta neamhshaoil agus shláinte NSLT na samhla inmheánaí, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.26.13 d'Iarscríbhinn III á leanúint;

(p) teimpléad S.26.14.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le riosca frithgheallta saoil agus sláinte na samhla inmheánaí, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.26.14 d'Iarscríbhinn III á leanúint;

(q) teimpléad S.26.15.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le riosca oibriúcháin na samhla inmheánaí, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.26.15 d'Iarscríbhinn III á leanúint;

(r) teimpléad S.26.16.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le hathruithe na samhla inmheánaí, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.26.16 d'Iarscríbhinn III á leanúint;

(s) teimpléad S.27.01.04 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis maidir le riosca tubaiste neamhshaoil, agus na treoracha a leagtar amach i roinn S.27.01 d'Iarscríbhinn III á leanúint.

2. I gcás cistí imfhálaithe nó punanna coigeartaithe meaitseála, ní dhéanfar an fhaisnéis sna teimpléid dá dtagraítear i mír 1, pointí (c) go (i) agus (s), agus (j) go (r), a thuairisciú don ghrúpa ina iomláine.

3. I gcás ina n-úsáidtear samhail inmheánach pháirteach, ní dhéanfar an fhaisnéis dá dtagraítear sna teimpléid dá dtagraítear i mír 1, pointí (c) go (i) agus (s), a thuairisciú ach amháin i ndáil leis na rioscaí a chumhdaítear leis an bhfoirmle chaighdeánach, agus ní dhéanfar an fhaisnéis sna teimpléid dá dtagraítear i mír 1, pointí (j) go (r), a thuairisciú ach amháin i ndáil leis na rioscaí a chumhdaítear leis an tsamhail inmheánach.

4. I gcás ina n-úsáidtear samhail inmheánach iomlán, ní dhéanfar an fhaisnéis sna teimpléid dá dtagraítear i mír 1, pointí (c) go (i) agus (s), a thuairisciú agus déanfar an fhaisnéis sna teimpléid dá dtagraítear i mír 1, pointí (j) go (r), a thuairisciú.

Airteagal 35

Teimpléid chainníochtúla bhliantúla le haghaidh grúpaí — Faisnéis maidir le hathárachóirí agus meáin shainchuspóireacha

Gnóthais árachais agus athárachais rannpháirtíochta, cuideachtaí sealbhaíochta árachais agus cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha, cuirfidh siad an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 304(1), pointe (d), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 isteach go bliantúil, i gcomhar le hAirteagal 372(1) den Rialachán Tarmligthe sin, trí úsáid a bhaint as na teimpléid seo a leanas agus trí na treoracha seo a leanas a chomhlíonadh:

C0010–C0020/R0070	Infheistíochtaí (seachas sócmhainní arna sealbhú le haghaidh conarthaí innéacsnasctha agus aonadnasctha)	Is é sin an líon iomlán infheistíochtaí, gan sócmhainní arna sealbhú le haghaidh conarthaí innéacsnasctha agus aonadnasctha a áireamh.
C0010–C0020/R0080	Réadmhaoin (seachas dá úsáid féin)	Méid na réadmhaoine, seachas dá úsáid féin. Áirítear leis freisin réadmhaoin atá á tógáil seachas dá úsáid féin.
C0010–C0020/R0090	Sealúchais i ngnóthais ghaolmhara, lena n-áirítear rannpháirtíochtaí	Rannpháirtíochtaí mar a shainmhínítear in Airteagal 13(20) agus 212(2) agus sealúchais i ngnóthais ghaolmhara in Airteagal 212(1)(b) de Threoir 2009/138/CE. I gcás ina dtagraíonn cuid de na sócmhainní a bhaineann le rannpháirtíocht agus gnóthais ghaolmhara do chonarthaí innéacsnasctha agus do chonarthaí aonadnasctha, tuairisceofar na codanna sin i "Sócmhainní arna sealbhú le haghaidh conarthaí innéacsnasctha agus aonadnasctha" in C0010–C0020/R0220.
C0010–C0020/R0100	Cothromais	Is é sin méid iomlán na gcothromas, liostaithe agus neamhliostaithe. Maidir leis an gcolún "luach na gcuntas reachtúil" (C0020), i gcás nach bhfuil an deighilt idir liostaithe agus neamhliostaithe le fáil, léireofar an tsuim leis an mír seo.
C0010–C0020/R0110	Cothromais – liostaithe	Scaireanna lena léirítear caipiteal corparáidí, e.g. a léiríonn úinéireacht i gcorparáid, a chaibidlítear ar mhargadh rialáilte nó ar shaoráid trádála iltaobhach, mar a shonraítear le Treoir 2004/39/CE. Ní bheidh sealúchais i ngnóthais ghaolmhara, lena n-áirítear rannpháirtíochtaí, ar áireamh ann. Maidir leis an gcolún "luach na gcuntas reachtúil" (C0020), i gcás nach bhfuil an deighilt idir liostaithe agus neamhliostaithe le fáil, ní thuairisceofar an mhír seo.
C0010–C0020/R0120	Cothromais – neamhliostaithe	Scaireanna lena léirítear caipiteal corparáidí, e.g. a léiríonn úinéireacht i gcorparáid, nach ndéantar a chaibidliú ar mhargadh rialáilte ná ar shaoráid trádála iltaobhach, mar a shonraítear le Treoir 2004/39/CE. Ní bheidh sealúchais i ngnóthais ghaolmhara, lena n-áirítear rannpháirtíochtaí, ar áireamh ann. Maidir leis an gcolún "luach na gcuntas reachtúil" (C0020), i gcás nach bhfuil an deighilt idir liostaithe agus neamhliostaithe le fáil, ní thuairisceofar an mhír seo.
C0010–C0020/R0130	Bannaí	Is é sin méid iomlán na mbannaí rialtais, na mbannaí corparáideacha, na nótaí struchtúracha agus na n-urrús comhthaobhaithe. Maidir leis an gcolún "luach na gcuntas reachtúil" (C0020) — i gcás nach bhfuil an deighilt bannaí le fáil, léireofar an tsuim leis an mír seo.

	ÍTIM	TREORACHA
C0010–C0020/R0140	Bannaí Rialtais	Bannaí arna n-eisiúint ag údaráis phoiblí, bídís eisithe ag rialtais láir, institiúidí rialtais fornáisiúnta, rialtais réigiúnacha nó údaráis áitiúla agus bannaí atá ráthaithe go hiomlán, gan choinníoll agus go neamh-inchúlghairthe ag an mBanc Ceannais Eorpach, ag rialtas láir agus ag bainc cheannais na mBallstát, ag bainc forbartha iltaobhacha dá dtagraítear i mír 2 d'Airteagal 117 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nó eagraíochtaí idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 118 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, rialtais réigiúnacha agus údaráis áitiúla a liostaítear in Airteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2011, i gcás ina gcomhlíonann an ráthaíocht na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 215 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35. Maidir leis an gcolún "luach na gcuntas reachtúil" (C0020), i gcás nach bhfuil an deighilt idir bannaí, táirgí struchtúrtha agus urrúis chomhthaobhaithe le fáil, ní thuairisceofar an mhír seo.
C0010–C0020/R0150	Bannaí Corparáide	Bannaí arna n-eisiúint ag corparáidí Maidir leis an gcolún "luach na gcuntas reachtúil" (C0020), i gcás— nach bhfuil an deighilt idir bannaí, táirgí struchtúrtha agus urrúis chomhthaobhaithe le fáil, ní thuairisceofar an mhír seo.
C0010–C0020/R0160	Nótaí struchtúrtha	Urrúis hibrideacha, lena gcónasctar ionstraim ioncaim sheasta (toradh i bhfoirm íocaíochtaí socraithe) le sraith comhpháirteanna díorthacha. Níl urrúis ioncaim sheasta a eisíonn rialtais cheannasacha san áireamh sa chatagóir seo. Baineann sé le hurrúis a bhfuil aon chatagóir díorthach leabaithe acu, lena n-áirítear Babhtálacha Mainneachtana Creidmheasa ("CDS"), Babhtálacha Aibíochta Tairisí ("CMS"), Roghanna Mainneachtana Creidmheasa ("CDOp"). Maidir leis an gcolún "luach na gcuntas reachtúil" (C0020), i gcás— nach bhfuil an deighilt idir bannaí, táirgí struchtúrtha agus urrúis chomhthaobhaithe le fáil, ní thuairisceofar an mhír seo.
C0010–C0020/R0170	Urrúis chomhthaobhaithe	Urrúis a ndíorthaítear a luach agus a n-íocaíochtaí ó phunann bunsócmhainní. Áirítear leo Urrúis Shócmhainn-Bhunaithe ("ABS"), Urrúis de bhun Morgáistí ("MBS"), Urrúis Thráchtálacha le Taca Morgáistí ("CMBS"), Oibleagáidí Fiachais atá Comhthaobhaithe ("CDO"), Oibleagáidí Iasachta atá Comhthaobhaithe ("CLO"), Oibleagáidí Morgáiste atá Comhthaobhaithe ("CMO") Maidir leis an gcolún "luach na gcuntas reachtúil" (C0020), i gcás nach bhfuil an deighilt idir bannaí, táirgí struchtúrtha agus urrúis chomhthaobhaithe le fáil, ní thuairisceofar an mhír seo.
C0010–C0020/R0180	Gnóthais Chomhinfheistíochtaí	Ciallaíonn gnóthas comhinfheistíochta gnóthas le haghaidh comhinfheistíochta in urrúis inaistrithe ("GCUI") mar a shainmhínítear in Airteagal 1(2) de Threoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle nó ciste infheistíochta malartach ("CIM") mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (a), de Threoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.
C0010–C0020/R0190	Díorthaigh	Ionstraim airgeadais nó conradh eile ag a bhfuil na trí shaintréith uile seo a leanas:

	ÍTIM	TREORACHA
		(a) Athraíonn a luach mar fhreagairt ar an athrú ar ráta úis sonraithe, ar phraghas na hionstraime airgeadais, ar phraghas tráchtearraí, ar an ráta malairte eachtraí, ar an innéacs praghsanna nó rátaí, ar an rátáil chreidmheasa nó innéacs creidmheasa, nó ar athróg eile, ar choinníoll i gcás athróige neamhairgeadais, nach mbaineann an athróg go sonrach le páirtí sa chonradh (ar a dtugtar an "athróg fholuiteach" uaireanta). (b) Ní cheanglaítear leis aon ghlaninfheistíocht tosaigh ná glaninfheistíocht tosaigh ar lú í ná a cheanglófaí le haghaidh chineálacha eile conarthaí a mbeadh coinne leis go mbeadh freagairt den chineál céanna acu agus a bheadh ag athruithe ar thosca an mhargaidh. (c) Socraítear ar dháta sa todhchaí é. Ní dhéantar luach Shócmhainneacht II, ach amháin má tá sé deimhneach, den díorthach ón dáta tuairiscithe a thuairisciú anseo (i gcás luach diúltach, féach R0790).
C0010–C0020/R0200	Taiscí seachas coibhéisí airgid thirim	Taiscí seachas taiscí inaistrithe, nach féidir a úsáid chun íocaíochtaí a dhéanamh roimh dháta aibíocht sonrach agus nach bhfuil inaistrithe ar airgeadra ná taiscí inaistrithe gan aon chineál sriain ná pionóis shuntasaigh.
C0010–C0020/R0210	Infheistíochtaí eile	Infheistíochtaí eile nach bhfuil cumhdaithe cheana féin laistigh d'infheistíochtaí arna dtuairisciú thuas.
C0010–C0020/R0220	Sócmhainní arna sealbhú le haghaidh conarthaí innéacsnasctha agus conarthaí aonadnasctha	Sócmhainní arna sealbhú le haghaidh conarthaí innéacsnasctha agus aonadnasctha (atá aicmithe i líne ghnó 31 mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35).
C0010–C0020/R0230	Iasachtaí agus morgáistí	Is é sin méid iomlán na n-iasachtaí agus na morgáistí, i.e. sócmhainní airgeadais a chruthaítear nuair a thugann gnóthais cistí ar iasacht, le comhthaobhacht nó dá huireasa, lena n-áirítear linnte airgid. Maidir leis an gcolún "luach na gcuntas reachtúil" (C0020) — i gcás nach bhfuil an deighilt iasachtaí agus morgáistí le fáil, léireofar an tsuim leis an mír seo
C0010–C0020/R0240	Iasachtaí ar pholasaithe	Iasachtaí a dhéantar le sealbhóirí polasaithe, comhthaobhaithe ar pholasaithe (bun-fhorálacha teicniúla). Maidir leis an gcolún "luach na gcuntas reachtúil" (C0020), i gcás— nach bhfuil an deighilt idir iasachtaí ar pholasaithe, iasachtaí ar mhorgáistí le daoine aonair agus iasachtaí agus morgáistí eile le fáil, ní thuairisceofar an mhír seo.
C0010–C0020/R0250	Iasachtaí agus morgáistí do dhaoine aonair	Sócmhainní airgeadais a chruthaítear nuair a thugann creidiúnaithe cistí ar iasacht d'fhéichiúnaithe — daoine aonair, le comhthaobhacht nó dá huireasa, lena n-áirítear linnte airgid. Maidir leis an gcolún "luach na gcuntas reachtúil" (C0020), i gcás— nach bhfuil an deighilt idir iasachtaí ar pholasaithe, iasachtaí ar mhorgáistí le daoine aonair agus iasachtaí agus morgáistí eile le fáil, ní thuairisceofar an mhír seo.

	ÍTIM	TREORACHA
C0010–C0020/R0260	Iasachtaí agus morgáistí eile	Sócmhainní airgeadais a chruthaítear nuair a thugann creidiúnaithe cistí ar iasacht d'fhéichiúnaithe – eile, nach féidir a aicmiú in ítim R0240 nó R0250, le comhthaobhacht nó dá huireasa, lena n-áirítear linnte airgid. Maidir leis an gcolún "luach na gcuntas reachtúil" (C0020), i gcás— nach bhfuil an deighilt idir iasachtaí ar pholasaithe, iasachtaí ar mhorgáistí le daoine aonair agus iasachtaí agus morgáistí eile le fáil, ní thuairisceofar an mhír seo.
C0010–C0020/R0270	Méideanna in-aisghabhála athárachais ó:	Is é sin an méid iomlán de mhéideanna in-aisghabhála athárachais. Comhfhreagraíonn sé do mhéid sciar fhorálacha teicniúla an athárachóra (lena n-áirítear athárachas finideach agus MSC). Maidir leis an gcolún "Luach Shócmhainneacht II" (C0010), áireofar leis an gcill sin go háirithe na híocaíochtaí go léir a bhfuil coinne leo ó athárachóirí leis an ngnóthas (nó *vice versa*) a chomhfhreagraíonn d'íocaíochtaí nach ndearna an gnóthas go fóill le sealbhóirí polasaithe (nó nach ndearna sealbhóirí polasaithe leis an ngnóthas). Gach íocaíocht a bhfuil coinne léi ó athárachóirí leis an ngnóthas (nó *vice versa*) a chomhfhreagraíonn d'íocaíochtaí arna ndéanamh ag an ngnóthas cheana féin le sealbhóirí polasaithe (nó ag sealbhóirí polasaithe leis an ngnóthas), áireofar na híocaíochtaí sin i suimeanna infhaighte athárachais (nó suimeanna iníoctha athárachais).
C0010–C0020/R0280	Athárachas neamhshaoil agus athárachas sláinte cosúil le hathárachas neamhshaoil	Méideanna in-aisghabhála athárachais i leith forálacha teicniúla le haghaidh athárachas neamhshaoil agus athárachas sláinte cosúil le hathárachas neamhshaoil. Maidir leis an gcolún "luach na gcuntas reachtúil" (C0020), i gcás nach bhfuil an deighilt idir athárachas neamhshaoil agus athárachas sláinte cosúil le hathárachas neamhshaoil le fáil, léireofar an tsuim leis an mír seo.
C0010–C0020/R0290	Athárachas neamhshaoil gan athárachas sláinte a áireamh	Méideanna in-aisghabhála athárachais i leith forálacha teicniúla le haghaidh gnó neamhshaoil, gan forálacha teicniúla le haghaidh athárachas sláinte a áireamh – cosúil le hathárachas neamhshaoil
C0010–C0020/R0300	Athárachas sláinte cosúil le hathárachas neamhshaoil	Méideanna in-aisghabhála i leith forálacha teicniúla le haghaidh athárachas sláinte cosúil le hathárachas neamhshaoil.
C0010–C0020/R0310	Athárachas saoil agus athárachas sláinte cosúil le hathárachas saoil, gan athárachas sláinte agus innéacsnasctha agus aonadnasctha a áireamh	Athárachas in-aisghabhála i leith forálacha teicniúla le haghaidh athárachas saoil agus sláinte atá comhchosúil le hathárachas saoil, gan athárachas sláinte agus innéacsnasctha agus aonadnasctha a áireamh Maidir leis an gcolún "luach na gcuntas reachtúil" (C0020), i gcás— nach bhfuil an deighilt idir athárachas saoil gan athárachas sláinte agus innéacsnasctha agus aonadnasctha agus athárachas sláinte cosúil le hathárachas saoil le fáil, léireofar an tsuim leis an mír seo.
C0010–C0020/R0320	Athárachas sláinte atá comhchosúil le hathárachas saoil	Méideanna in-aisghabhála athárachais i leith forálacha teicniúla le haghaidh athárachas sláinte–cosúil le hathárachas saoil.
C0010–C0020/R0330	Athárachas saoil gan athárachas sláinte agus innéacsnasctha agus aonadnasctha a áireamh	Méideanna in-aisghabhála athárachais i leith forálacha teicniúla le haghaidh gnó saoil, gan forálacha teicniúla le haghaidh athárachas sláinte a áireamh-cosúil le teicnící saoil agus forálacha teicniúla le haghaidh athárachas innéacsnasctha agus aonadnasctha.

	ÍTIM	TREORACHA
C0010–C0020/R0340	Athárachas saoil innéacsnasctha agus aonadnasctha	Méideanna in-aisghabhála i leith forálacha teicniúla le haghaidh gnó saoil innéacsnasctha agus aonadnasctha.
C0010–C0020/R0350	Taiscí le hárachóirí géillte	Taiscí a bhaineann le hathárachas arna ghlacadh.
C0010–C0020/R0360	Suimeanna infhaighte árachais agus idirghabhálacha	Méideanna i gcomhair íocaíochta ag sealbhóirí polasaithe, árachóirí agus eile atá nasctha le gnó árachais nach bhfuil áirithe i bhforálacha teicniúla. Áireofar suimeanna infhaighte leis ó athárachas arna ghlacadh.
C0010–C0020/R0370	Suimeanna infhaighte athárachais	Maidir leis an gcolún "Luach Shócmhainneacht II" (C0010), áireofar ar an gcill seo gach íocaíocht a bhfuil coinne léi (dlite agus thar téarma) ó athárachóirí atá nasctha le gnó athárachais leis an ngnóthas nach bhfuil san áireamh i méideanna in-aisghabhála athárachais. Níor cheart iad sin a áireamh sa mhír "aon sócmhainn eile nach dtaispeántar in aon áit eile". Ba cheart a chur san áireamh go háirithe sa chill seo gach íocaíocht a bhfuil coinne léi ó athárachóirí leis an ngnóthas agus a chomhfhreagraíonn d'íocaíochtaí arna ndéanamh ag an ngnóthas leis na sealbhóirí polasaithe. Áirítear leis freisin gach íocaíocht a bhfuil coinne léi (dlite agus thar téarma) ó athárachóirí i ndáil le seachas teagmhais árachais nó iad sin a comhaontaíodh idir gnóthas an árachóra ghéillte agus an t-athárachóir agus i gcás ina bhfuil méid na híocaíochta a bhfuil coinne léi gcinnte.
C0010–C0020/R0380	Suimeanna infhaighte (trádáil, ní árachas)	Áirítear leis méideanna infhaighte ó fhostaithe nó ó chomhpháirtithe éagsúla gnó (nach mbaineann le hárachas), lena n-áirítear eintitis phoiblí.
C0010–C0020/R0390	Scaireanna dílse (arna sealbhú go díreach)	Is é sin méid iomlán na scaireanna dílse arna sealbhú go díreach ag an ngnóthas.
C0010–C0020/R0400	Méideanna atá dlite i leith ítimí cistí dílse nó ciste tosaigh atá glaoite ach nach bhfuil íoctha isteach go fóill	Luach an mhéid atá dlite i leith míreanna cistí dílse nó cistí tosaigh atá glaoite ach nach bhfuil íoctha isteach go fóill.
C0010–C0020/R0410	Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	Nótaí agus boinn i gcúrsaíocht a úsáidtear go coiteann chun íocaíochtaí a dhéanamh, agus taiscí atá inmhalartaithe ar airgeadra ar éileamh ar par agus atá inúsáidte go díreach chun íocaíochtaí a dhéanamh le seic, dréacht, ordú gíoró, dochar/sochar díreach, nó saoráid íocaíochta dírí eile, gan phionós nó srian. Ní dhéanfar cuntais bhainc a ghlanluacháil, mar sin ní aithneofar san ítim sin ach cuntais dheimhneacha amháin agus rótharraingtí bainc a thaispeánfar laistigh de dhliteanais ach amháin i gcás inarb ann do cheart dlíthiúil frithárimh agus rún inléirithe socrú glan a dhéanamh.
C0010–C0020/R0420	Aon sócmhainn eile, nach dtaispeántar in aon áit eile	Is é sin agus méid aon sócmhainne eile nach bhfuil áirithe in áit éigin eile cheana féin laistigh de mhíreanna ar an gclár comhardaithe.
C0010–C0020/R0500	Iomlán na sócmhainní	Is é sin méid iomlán foriomlán na sócmhainní uile.
Dliteanais		

	ÍTIM	TREORACHA
C0010–C0020/R0510	Forálacha teicniúla – neamhshaol	Suim na bhforálacha teicniúla neamhshaoil. Áireofar leis an méid sin an chionroinnt ón asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla i gcomhréir leis an modheolaíocht ranníocach arna húsáid chun críocha ríomh an íoscheanglais caipitil ("MCR"). Maidir leis an gcolún "luach na gcuntas reachtúil" (C0020), i gcás nach féidir forálacha teicniúla le haghaidh árachas neamhshaoil a dheighilt idir árachas neamhshaoil (cé is moite de shláinte) agus sláinte (cosúil le hárachas saoil), léireofar an tsuim leis an mír seo.
C0010–C0020/R0520	Forálacha teicniúla – neamhshaol (gan sláinte a áireamh)	Is é sin méid iomlán na bhforálacha teicniúla le haghaidh gnó neamhshaoil (gan sláinte a áireamh). Áirítear leis an méid sin an chionroinnt ón asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla i gcomhréir leis an modheolaíocht ranníocach arna húsáid chun críocha ríomh an íoscheanglais chaipitil.
C0010/R0530	Forálacha teicniúla – neamhshaol (gan sláinte a áireamh) – forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine	Is é sin méid iomlán na bhforálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine (punann inmhacasamhlaithe/infhálaithe) le haghaidh gnó neamhshaoil (gan sláinte a áireamh). Áirítear leis an méid sin an chionroinnt ón asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla i gcomhréir leis an modheolaíocht ranníocach arna húsáid chun críocha ríomh an íoscheanglais chaipitil.
C0010/R0540	Forálacha teicniúla – neamhshaol (gan sláinte a áireamh) – Meastachán is fearr	Is é sin méid iomlán an mheastacháin is fearr de na forálacha teicniúla le haghaidh gnó neamhshaoil (gan sláinte a áireamh). Tuairisceofar an meastachán is fearr comhlán ar athárachas. Áirítear leis an méid sin an chionroinnt ón asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla i gcomhréir leis an modheolaíocht ranníocach arna húsáid chun críocha ríomh an íoscheanglais chaipitil.
C0010/R0550	Forálacha teicniúla – neamhshaol (gan sláinte a áireamh) – Corrlach riosca	Is é sin an méid iomlán de chorrlach riosca na bhforálacha teicniúla le haghaidh ghnó neamhshaoil (gan sláinte a áireamh). Áirítear leis an méid sin an chionroinnt ón asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla i gcomhréir leis an modheolaíocht ranníocach arna húsáid chun críocha ríomh an íoscheanglais chaipitil.
C0010–C0020/R0560	Forálacha teicniúla – sláinte (cosúil le neamhshaol)	Is é sin méid iomlán na bhforálacha teicniúla le haghaidh sláinte (cosúil le neamhshaol). Áirítear leis an méid sin an chionroinnt ón asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla i gcomhréir leis an modheolaíocht ranníocach arna húsáid chun críocha ríomh an íoscheanglais chaipitil.
C0010/R0570	Forálacha teicniúla — sláinte (cosúil le neamhshaol) — forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine	Is é sin méid iomlán na bhforálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine (punann inmhacasamhlaithe/infhálaithe) le haghaidh sláinte (cosúil le neamhshaol). Áirítear leis an méid sin an chionroinnt ón asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla i gcomhréir leis an modheolaíocht ranníocach arna húsáid chun críocha ríomh an íoscheanglais chaipitil.

	ÍTIM	TREORACHA
C0010/R0580	Forálacha teicniúla – sláinte (cosúil le neamhshaol) – Meastachán is fearr	Is é sin méid iomlán an mheastacháin is fearr ar na forálacha teicniúla le haghaidh gnó sláinte (cosúil le neamhshaol). Tuairisceofar an meastachán is fearr comhlán ar athárachas. Áirítear leis an méid sin an chionroinnt ón asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla i gcomhréir leis an modheolaíocht ranníocach arna húsáid chun críocha ríomh an íoscheanglais chaipitil.
C0010/R0590	Forálacha teicniúla – sláinte (cosúil le neamhshaol) – Corrlach riosca	Is é sin méid iomlán chorrlach riosca na bhforálacha teicniúla le haghaidh gnó sláinte (cosúil le neamhshaol). Áirítear leis an méid sin an chionroinnt ón asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla i gcomhréir leis an modheolaíocht ranníocach arna húsáid chun críocha ríomh an íoscheanglais chaipitil.
C0010–C0020/R0600	Forálacha teicniúla – saol (gan innéacsnasctha agus aonadnasctha a áireamh)	Suim na bhforálacha teicniúla saoil (gan innéacsnasctha agus aonadnasctha a áireamh). Áirítear leis an méid sin an chionroinnt ón asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla i gcomhréir leis an modheolaíocht ranníocach arna húsáid chun críocha ríomh an íoscheanglais chaipitil. Maidir leis an gcolún "luach na gcuntas reachtúil" (C0020), i gcás nach féidir forálacha teicniúla le haghaidh árachas saoil (cé is moite d'árachas saoil innéacsnasctha agus aonadnasctha) a dheighilt idir árachas sláinte (cosúil le hárachas saoil) agus saoil (cé is moite d'árachas saoil, innéacsnasctha agus aonadnasctha), léireofar an tsuim leis an mír seo.
C0010–C0020/R0610	Forálacha teicniúla – sláinte (cosúil le saol)	Is é sin méid iomlán na bhforálacha teicniúla le haghaidh sláinte (cosúil le saol). Áirítear leis an méid sin an chionroinnt ón asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla i gcomhréir leis an modheolaíocht ranníocach arna húsáid chun críocha ríomh an íoscheanglais chaipitil.
C0010/R0620	Forálacha teicniúla – sláinte (cosúil le saol) – forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine	Is é sin méid iomlán na bhforálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine (punann inmhacasamhlaithe/infhálaithe) le haghaidh gnó sláinte (cosúil le saol). Áirítear leis an méid sin an chionroinnt ón asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla i gcomhréir leis an modheolaíocht ranníocach arna húsáid chun críocha ríomh an íoscheanglais chaipitil.
C0010/R0630	Forálacha teicniúla – sláinte (cosúil le saol) – Meastachán is fearr	Is é sin méid iomlán an mheastacháin is fearr d'fhorálacha teicniúla le haghaidh sláinte (cosúil le saol). Tuairisceofar an meastachán is fearr comhlán ar athárachas. Áirítear leis an méid sin an chionroinnt ón asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla i gcomhréir leis an modheolaíocht ranníocach arna húsáid chun críocha ríomh an íoscheanglais chaipitil.
C0010/R0640	Forálacha teicniúla – sláinte (cosúil le saol) – Corrlach riosca	Is é sin méid iomlán chorrlach riosca na bhforálacha teicniúla le haghaidh sláinte (cosúil le saol). Áirítear leis an méid sin an chionroinnt ón asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla i gcomhréir leis an modheolaíocht ranníocach arna húsáid chun críocha ríomh an íoscheanglais chaipitil.

	ÍTIM	TREORACHA
C0010–C0020/R0650	Forálacha teicniúla – saol (gan sláinte agus innéacsnasctha agus aonadnasctha a áireamh)	Is é sin méid iomlán na bhforálacha teicniúla le haghaidh gnó saoil (gan sláinte agus innéacsnasctha agus aonadnasctha a áireamh). Áirítear leis an méid sin an chionroinnt ón asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla i gcomhréir leis an modheolaíocht ranníocach arna húsáid chun críocha ríomh an íoscheanglais chaipitil.
C0010/R0660	Forálacha teicniúla – saol (gan sláinte agus innéacsnasctha agus aonadnasctha a áireamh) – forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine	Is é sin méid iomlán na bhforálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine (inmhacasamhlaithe/infhálaithe) le haghaidh gnó saoil (gan sláinte agus innéacsnasctha agus aonadnasctha a áireamh). Áirítear leis an méid sin an chionroinnt ón asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla i gcomhréir leis an modheolaíocht ranníocach arna húsáid chun críocha ríomh an íoscheanglais chaipitil.
C0010/R0670	Forálacha teicniúla – saol (gan sláinte agus innéacsnasctha agus aonadnasctha a áireamh) – Meastachán is fearr	Is é sin méid iomlán an mheastacháin is fearr d'fhorálacha teicniúla le haghaidh gnó saoil (gan sláinte agus innéacsnasctha agus aonadnasctha a áireamh). Tuairisceofar an meastachán is fearr comhlán ar athárachas. Áirítear leis an méid sin an chionroinnt ón asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla i gcomhréir leis an modheolaíocht ranníocach arna húsáid chun críocha ríomh an íoscheanglais chaipitil.
C0010/R0680	Forálacha teicniúla – saol (gan sláinte agus innéacsnasctha agus aonadnasctha a áireamh) – Corrlach riosca	Is é sin méid iomlán chorrlach riosca na bhforálacha teicniúla le haghaidh ghnó saoil (gan sláinte agus innéacsnasctha agus aonadnasctha a áireamh). Áirítear leis an méid sin an chionroinnt ón asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla i gcomhréir leis an modheolaíocht ranníocach arna húsáid chun críocha ríomh an íoscheanglais chaipitil.
C0010–C0020/R0690	Forálacha teicniúla – innéacsnasctha agus aonadnasctha	Is é sin méid iomlán na bhforálacha teicniúla le haghaidh gnó innéacsnasctha agus aonadnasctha. Áirítear leis an méid sin an chionroinnt ón asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla i gcomhréir leis an modheolaíocht ranníocach arna húsáid chun críocha ríomh an íoscheanglais chaipitil.
C0010/R0700	Forálacha teicniúla – innéacsnasctha agus aonadnasctha – forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine	Is é sin méid iomlán na bhforálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine (inmhacasamhlaithe/infhálaithe) le haghaidh gnó innéacsnasctha agus aonadnasctha. Áirítear leis an méid sin an chionroinnt ón asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla i gcomhréir leis an modheolaíocht ranníocach arna húsáid chun críocha ríomh an íoscheanglais chaipitil.
C0010/R0710	Forálacha teicniúla – innéacsnasctha agus aonadnasctha – Meastachán is fearr	Is é sin méid iomlán an mheastacháin is fearr d'fhorálacha teicniúla le haghaidh gnó innéacsnasctha agus aonadnasctha. Tuairisceofar an meastachán is fearr comhlán ar athárachas Áirítear leis an méid sin an chionroinnt ón asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla i gcomhréir leis an modheolaíocht ranníocach arna húsáid chun críocha ríomh an íoscheanglais chaipitil.

	ÍTIM	TREORACHA
C0010/R0720	Forálacha teicniúla – innéacsnasctha agus aonadnasctha – Corrlach riosca	Is é sin méid iomlán chorrlach riosca na bhforálacha teicniúla le haghaidh gnó innéacsnasctha agus aonadnasctha. Áirítear leis an méid sin an chionroinnt ón asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla i gcomhréir leis an modheolaíocht ranníocach arna húsáid chun críocha ríomh an íoscheanglais chaipitil.
C0020/R0730	Forálacha teicniúla eile	Forálacha teicniúla eile, mar a shainaithníonn na gnóthais ina gcuntais reachtúla, i gcomhréir le GAAP áitiúil nó le IFRS.
C0010–C0020/R0740	Dliteanais theagmhasacha	Is mar seo a leanas a shainmhínítear dliteanas teagmhasach: a) oibleagáid fhéideartha a eascraíonn as teagmhais roimhe seo agus nach ndeimhneofar gurb ann di ach amháin i gcás ina dtarlóidh nó nach dtarlóidh teagmhas éiginnte amháin nó níos mó amach anseo nach mbeidh go hiomlán faoi smacht an eintitis; nó b) oibleagáid láithreach a eascraíonn as teagmhais roimhe seo fiú i gcás: (i) nach bhfuil sé dóchúil go gceanglófar eis-sreabhadh acmhainní ina gcorpraítear tairbhí eacnamaíocha chun an oibleagáid a shocrú; nó (ii) nach féidir méid na hoibleagáide a thomhas ar bhealach atá iontaofa go leor. Leanfaidh an méid dliteanas teagmhasach a aithnítear sa chlár comhardaithe na critéir a leagtar amach in Airteagal 11 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
C0010–C0020/R0750	Forálacha seachas forálacha teicniúla	Dliteanais d'uainiú nó de mhéid éiginnte, gan na cinn a thuairiscítear faoi "Oibleagáidí sochair pinsin" a áireamh. Aithnítear na forálacha mar dhliteanais (ag glacadh leis gur féidir meastachán iontaofa a dhéanamh) ós rud é gur oibleagáidí iad agus gur dócha go gceanglófar eis-sreabhadh acmhainní ina gcorpraítear tairbhí eacnamaíocha chun na hoibleagáidí a shocrú.
C0010–C0020/R0760	Oibleagáidí sochair pinsin	Is é sin na glanoibleagáidí iomlána a bhaineann leis an scéim pinsin fostaithe.
C0010–C0020/R0770	Taiscí ó athárachóirí	Méideanna (e.g. airgead tirim) arna bhfáil ó athárachóir nó arna n-asbhaint ag an athárachóir i gcomhréir leis an gconradh athárachais.
C0010–C0020/R0780	Dliteanais chánach iarchurtha	na méideanna de chánacha ioncaim is iníoctha i dtréimhsí amach anseo i leith difríochtaí sealadacha inchánacha is ea iad dliteanais chánach iarchurtha.

	ÍTIM	TREORACHA
C0010–C0020/R0790	Díorthaigh	Ionstraim airgeadais nó conradh eile ag a bhfuil na trí shaintréith uile seo a leanas: (a) Athraíonn a luach mar fhreagairt ar an athrú ar ráta úis sonraithe, ar phraghas na hionstraime airgeadais, ar phraghas tráchtearraí, ar an ráta malairte eachtraí, ar an innéacs praghsanna nó rátaí, ar an rátáil chreidmheasa nó innéacs creidmheasa, nó ar athróg eile, ar choinníoll i gcás athróige neamhairgeadais, nach mbaineann an athróg go sonrach le páirtí sa chonradh (ar a dtugtar an "athróg fholuiteach" uaireanta). (b) Ní cheanglaítear leis aon ghlaninfheistíocht tosaigh ná glaninfheistíocht tosaigh ar lú í ná a cheanglófaí le haghaidh chineálacha eile conarthaí a mbeadh coinne leis go mbeadh freagairt den chineál céanna acu agus a bheadh ag athruithe ar thosca an mhargaidh. (c) Socraítear ar dháta sa todhchaí é. Ní thuairisceofar ach amháin dliteanais dhíorthacha ar an ró seo (i.e. díorthaigh ag a bhfuil luachanna diúltacha ón dáta tuairiscithe). Tuairisceofar sócmhainní díorthacha faoi gc0010–C0020/R0190. Gnóthais nach luachálann díorthaigh ina GAAP Áitiúil, ní gá dóibh luach a sholáthar dá ráitis airgeadais.
C0010–C0020/R0800	Fiachais atá dlite d'institiúidí creidmheasa	Fiachais, amhail morgáiste agus iasachtaí, atá dlite d'institiúidí creidmheasa, gan bannaí arna sealbhú ag institiúidí creidmheasa a áireamh (toisc nach féidir leis an ngrúpa sealbhóirí uile na mbannaí arna n-eisiúint aige a shainaithint) agus dliteanais fho-ordaithe. Áireofar rótharraingtí bainc leis sin freisin.
C0010–C0020/R0810	Dliteanais airgeadais seachas fiachais atá dlite d'institiúidí creidmheasa	Dliteanais airgeadais lena n-áirítear bannaí arna n-eisiúint ag gnóthas (arna sealbhú ag institiúidí creidmheasa nó gan a bheith), nótaí struchtúracha arna n-eisiúint ag an ngnóthas féin agus morgáistíagus iasachtaí atá dlite d'eintitis eile seachas institiúidí creidmheasa. Ní áireofar dliteanais fho-ordaithe anseo.
C0010–C0020/R0820	Suimeanna iníoctha árachais agus idirghabhálaithe	Méideanna is iníoctha le sealbhóirí polasaithe, árachóirí agus gnó eile atá nasctha le hárachas nach bhfuil áirithe i bhforálacha teicniúla. Áirítear leis méideanna is iníoctha le hidirghabhálaithe (ath)árachais (e.g. coimisiúin atá dlite d'idirghabhálaithe ach nach bhfuil íoctha go fóill ag an ngnóthas). Ní áirítear iasachtaí agus morgáistí atá dlite do chuideachtaí eile árachais, mura mbaineann siad ach le maoiniú amháin agus mura bhfuil siad nasctha le gnó árachais (tuairisceofar iasachtaí agus morgáistí den sórt sin mar dhliteanais airgeadais). Áireofar leis suimeanna iníoctha ó athárachas arna ghlacadh.
C0010–C0020/R0830	Suimeanna iníoctha athárachais	Méideanna is iníoctha le hathárachóirí (cuntais reatha go háirithe) seachas taiscí atá nasctha le gnó athárachais nach bhfuil áirithe i méideanna in-aisghabhála athárachais, lena n-áirítear suimeanna iníoctha ón ngnóthas le hathárachóirí i ndáil le seachas teagmhais árachais. Áirítear leis suimeanna iníoctha le hathárachóirí a bhaineann le préimheanna géillte. Maidir leis an gcolún "Luach Shócmhainneacht II" (C0010), áireofar ar an gcill sin gach íocaíocht a bhfuil coinne léi (dlite agus thar téarma) ón ngnóthas le hathárachóirí nach bhfuil ar áireamh i méid in-aisghabhála ón athárachas. Níor cheart iad sin a áireamh san ítim "aon dliteanas eile nach dtaispeántar in aon áit eile".

	ÍTIM	TREORACHA
		Ba cheart go gcuirfí san áireamh sa chill seo go háirithe gach íocaíocht a bhfuil coinne léi ón ngnóthas le hathárachóirí a chomhfhreagraíonn d'íocaíochtaí arna ndéanamh ag na sealbhóirí polasaithe leis an ngnóthas. Áirítear leis freisin gach íocaíocht a bhfuil coinne léi (dlite agus thar téarma) le hathárachóirí i ndáil le seachas teagmhais árachais nó iad sin a comhaontaíodh idir gnóthas an árachóra ghéillte agus an t-athárachóir agus i gcás ina bhfuil méid na híocaíochta a bhfuil coinne léi gcinnte.
C0010–C0020/R0840	Suimeanna iníoctha (trádáil, ní árachas)	Is é sin méid iomlán na suimeanna trádála is iníoctha, lena n-áirítear méideanna atá dlite d'fhostaithe, soláthróirí, etc. agus nach mbaineann le hárachas, comhthreomhar le suimeanna infhaighte (trádáil, ní árachas) ar thaobh na sócmhainní; áirítear eintitis phoiblí leo.
C0010–C0020/R0850	Fodhliteanais	Is fiachais iad dliteanais fho-ordaithe a rangaítear tar éis fiachais shonraithe eile le linn do ghnóthas a bheith á leachtú. Is é sin iomlán na ndliteanas fo-ordaithe a aicmítear mar Bhunchistí Dílse agus iad sin nach bhfuil áirithe i mBunchistí Dílse. Maidir leis an gcolún "luach na gcuntas reachtúil" (C0020), i gcás nach bhfuil an deighilt idir dliteanais fho-ordaithe nach bhfuil i mbunchistí dílse agus dliteanais fho-ordaithe i mbunchistí dílse le fáil, léireofar an tsuim leis an mír seo.
C0010–C0020/R0860	Dliteanais fho-ordaithe nach bhfuil i mBunchistí Dílse	Is fiachais iad dliteanais fho-ordaithe a rangaítear tar éis fiachais shonraithe eile le linn do ghnóthas a bheith á leachtú. D'fhéadfadh fiachais eile a bheith fo-ordaithe ar bhealach níos doimhne fós. Ní chuirfear i láthair anseo ach amháin dliteanais fho-ordaithe nach n-aicmítear i mBunchistí Dílse. Maidir leis an gcolún "luach na gcuntas reachtúil" (C0020), i gcás nach bhfuil an deighilt idir dliteanais fho-ordaithe nach bhfuil i mbunchistí dílse agus dliteanais fho-ordaithe i mbunchistí dílse le fáil, ní thuairisceofar an mhír seo.
C0010–C0020/R0870	Dliteanais fho-ordaithe i mBunchistí Dílse	Dliteanais fho-ordaithe a aicmítear i mBunchistí Dílse. Maidir leis an gcolún "luach na gcuntas reachtúil" (C0020), i gcás— nach bhfuil an deighilt idir dliteanais fho-ordaithe nach bhfuil i mbunchistí dílse agus dliteanais fho-ordaithe i mbunchistí dílse le fáil, ní thuairisceofar an mhír seo.
C0010–C0020/R0880	Aon dliteanas eile, nach dtaispeántar in aon áit eile	Is é sin iomlán aon dliteanas eile, nach bhfuil áirithe cheana féin in aon áit eile in ítimí eile an Chláir Chomhardaithe.
C0010–C0020/R0900	Iomlán na nDliteanas	Is é sin méid iomlán foriomlán na ndliteanas uile
C0010/R1000	Farasbarr sócmhainní thar dhliteanais	Is é sin iomlán fharasbarr gnóthais de shócmhainní thar dhliteanais, arna luacháil i gcomhréir le bunús luachála Shócmhainneacht II. Luach na sócmhainní lúide dliteanais.
C0020/R1000	Farasbarr sócmhainní thar dhliteanais (luach na gcuntas reachtúil)	Is é sin iomlán fharasbarr gnóthais de shócmhainní thar dhliteanais de cholún luach na gcuntas reachtúil.

S.02.02 — Dliteanais de réir airgeadra

Barúil ghinearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh eintitis aonair.

Líonfar isteach an teimpléad seo i gcomhréir leis an gClár comhardaithe (S.02.01). Leagtar síos prionsabail luachála i dTreoir 2009/138/CE, i Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, agus i gCaighdeáin Theicniúla agus Treoirlínte Shócmhainneacht II.

Ní cheanglaítear an teimpléad seo a chur isteach má léirítear níos mó ná 80 % de dhliteanais le haon airgeadra aonair amháin. Maidir le luach na bhforálacha teicniúla, mar a thuairiscítear in R0030 agus R0120 in S.12.01 agus R0060 agus R0160 in S.17.01, i gcás ina bhfuil an luach diúltach, chun críocha ríomh na tairsí thuas ba cheart dearbhluach na méideanna barúlacha sin a mheas gan glanluacháil forálacha teicniúla idir réimeanna gnó difriúla.

Má chuirtear isteach í, tuairisceofar faisnéis ar an airgeadra tuairiscithe i gcónaí gan beann ar mhéid na ndliteanas. Léireofar leis an bhfaisnéis a thuairiscítear de réir airgeadra 80 % ar a laghad de na dliteanais iomlána. Féadfar an 20 % eile a chomhiomlánú. Más gá airgeadra sonrach a thuairisciú chun an tairseach 80 % a chomhlíonadh, tuairisceofar an t-airgeadra sin le haghaidh na ndliteanas go léir.

Tá gnóthais faoi gchuing díolmhaithe ón teimpléad seo a thuairisciú.

	MÍR	TREORACHA
R0010	Airgeadra ábharach	Sainaithin cód aibítre ISO 4217 gach airgeadra atá le tuairisciú.
C0020/R0110	Luach iomlán gach airgeadra — Forálacha teicniúla (gan conarthaí innéacsnasctha agus aonadnasctha a áireamh)	Tuairiscigh luach iomlán na bhforálacha teicniúla (gan conarthaí innéacsnasctha agus aonadnasctha a áireamh) le haghaidh gach airgeadra.
C0030/R0110	Luach an airgeadra tuairiscithe — Forálacha teicniúla (gan conarthaí innéacsnasctha agus aonadnasctha a áireamh)	Tuairiscigh luach iomlán na bhforálacha teicniúla (gan conarthaí innéacsnasctha agus aonadnasctha a áireamh) le haghaidh an airgeadra tuairiscithe
C0040/R0110	Luach gach airgeadra eile atá fágtha — Forálacha teicniúla (gan conarthaí innéacsnasctha agus aonadnasctha a áireamh)	Tuairiscigh luach iomlán na bhforálacha teicniúla (gan conarthaí innéacsnasctha agus aonadnasctha a áireamh) le haghaidh na n-airgeadraí atá fágtha nach dtuairiscítear de réir airgeadra. Ciallaíonn sé sin go n-eisiann an chill sin an méid a thuairiscítear san airgeadra tuairiscithe (C0030/R0110) agus sna hairgeadraí a thuairiscítear de réir airgeadra (C0050/R0110).
C0050/R0110	Luach airgeadraí ábharacha — Forálacha teicniúla (gan conarthaí innéacsnasctha agus aonadnasctha a áireamh)	Tuairiscigh luach iomlán na bhforálacha teicniúla (gan conarthaí innéacsnasctha agus aonadnasctha a áireamh) le haghaidh na n-airgeadraí go léir ar gá iad a thuairisciú ar leithligh.
C0020/R0120	Luach iomlán gach airgeadra — Forálacha teicniúla — conarthaí innéacsnasctha agus aonadnasctha	Tuairiscigh luach iomlán na bhforálacha teicniúla — conarthaí innéacsnasctha agus aonadnasctha le haghaidh gach airgeadra.

	MÍR	TREORACHA
C0030/R0120	Luach an airgeadra tuairiscithe — Forálacha teicniúla — conarthaí innéacsnasctha agus aonadnasctha	Tuairiscigh luach iomlán na bhforálacha teicniúla — conarthaí innéacsnasctha agus aonadnasctha le haghaidh an airgeadra tuairiscithe.
C0040/R0120	Luach gach airgeadra eile atá fágtha — Forálacha teicniúla — conarthaí innéacsnasctha agus aonadnasctha	Tuairiscigh luach na bhforálacha teicniúla — conarthaí innéacsnasctha agus aonadnasctha le haghaidh na n-airgeadraí atá fágtha nach dtuairiscítear de réir airgeadra. Ciallaíonn sé sin go n-eisiann an chill sin an méid a thuairiscítear san airgeadra tuairiscithe (C0030/R0120) agus sna hairgeadraí a thuairiscítear de réir airgeadra (C0050/R0120).
C0050/R0120	Luach airgeadraí ábharacha — Forálacha teicniúla — conarthaí innéacsnasctha agus aonadnasctha	Tuairiscigh luach iomlán na bhforálacha teicniúla — conarthaí innéacsnasctha agus aonadnasctha le haghaidh na n-airgeadraí go léir ar gá iad a thuairisciú ar leithligh.
C0020/R0130	Luach iomlán gach airgeadra — Taiscí ó athárachóirí agus suimeanna iníoctha ó árachas, idirghabhálaithe agus athárachas	Tuairiscigh luach iomlán na dtaiscí ó athárachóirí agus suimeanna iníoctha ó árachas, idirghabhálaithe agus suimeanna iníoctha ó athárachas le haghaidh gach airgeadra.
C0030/R0130	Luach an airgeadra tuairiscithe — Taiscí ó athárachóirí agus suimeanna iníoctha ó árachas, idirghabhálaithe agus athárachas	Tuairiscigh luach na dtaiscí ó athárachóirí agus suimeanna iníoctha ó árachas, idirghabhálaithe agus suimeanna iníoctha ó athárachas le haghaidh an airgeadra tuairiscithe.
C0040/R0130	Luach na n-airgeadraí eile atá fágtha — Taiscí ó athárachóirí agus suimeanna iníoctha ó árachas, idirghabhálaithe agus athárachas	Tuairiscigh luach na dtaiscí ó athárachóirí agus suimeanna iníoctha ó árachas, idirghabhálaithe agus suimeanna iníoctha ó athárachas le haghaidh na n-airgeadraí atá fágtha nach dtuairiscítear de réir airgeadra. Ciallaíonn sé sin go n-eisiann an chill sin an méid a thuairiscítear san airgeadra tuairiscithe (C0030/R0130) agus sna hairgeadraí a thuairiscítear de réir airgeadra (C0050/R0130).
C0050/R0130	Luach airgeadraí ábharacha — Taiscí ó athárachóirí agus suimeanna iníoctha ó árachas, idirghabhálaithe agus athárachas	Tuairiscigh luach na dtaiscí ó athárachóirí agus suimeanna iníoctha ó árachas, idirghabhálaithe agus suimeanna iníoctha ó athárachas le haghaidh na n-airgeadraí go léir ar gá iad a thuairisciú ar leithligh.
C0020/R0140	Luach iomlán gach airgeadra — Díorthaigh	Tuairiscigh luach iomlán na ndíorthach le haghaidh gach airgeadra.
C0030/R0140	Luach an airgeadra tuairiscithe — Díorthaigh	Tuairiscigh luach na ndíorthach le haghaidh an airgeadra tuairiscithe.
C0040/R0140	Luach gach airgeadra eile atá fágtha — Díorthaigh	Tuairiscigh luach iomlán na ndíorthach le haghaidh na n-airgeadraí atá fágtha nach dtuairiscítear de réir airgeadra. Ciallaíonn sé sin go n-eisiann an chill sin an méid a thuairiscítear san airgeadra tuairiscithe (C0030/R0140) agus sna hairgeadraí a thuairiscítear de réir airgeadra (C0050/R0140).
C0050/R0140	Luach airgeadraí ábharacha — Díorthaigh	Tuairiscigh luach iomlán na ndíorthach le haghaidh na n-airgeadraí go léir ar gá iad a thuairisciú ar leithligh.

	MÍR	TREORACHA
C0020/R0150	Luach iomlán gach airgeadra — Dliteanais airgeadais	Tuairiscigh luach iomlán na ndliteanas airgeadais le haghaidh gach airgeadra.
C0030/R0150	Luach an airgeadra tuairiscithe — Dliteanais airgeadais	Tuairiscigh luach na ndliteanas airgeadais le haghaidh an airgeadra tuairiscithe.
C0040/R0150	Luach gach airgeadra eile atá fágtha — Dliteanais airgeadais	Tuairiscigh luach iomlán na ndliteanas airgeadais le haghaidh na n-airgeadraí atá fágtha nach dtuairiscítear de réir airgeadra. Ciallaíonn sé sin go n-eisiann an chill sin an méid a thuairiscítear san airgeadra tuairiscithe (C0030/R0150) agus sna hairgeadraí a thuairiscítear de réir airgeadra (C0050/R0150).
C0050/R0150	Luach airgeadraí ábharacha — Dliteanais airgeadais	Tuairiscigh luach iomlán na ndliteanas airgeadais le haghaidh na n-airgeadraí go léir ar gá iad a thuairisciú ar leithligh.
C0020/R0160	Luach iomlán gach airgeadra — Dliteanais theagmhasacha	Tuairiscigh luach iomlán na ndliteanas teagmhasach le haghaidh gach airgeadra.
C0030/R0160	Luach an airgeadra tuairiscithe — Dliteanais theagmhasacha	Tuairiscigh luach na ndliteanas teagmhasach le haghaidh an airgeadra tuairiscithe.
C0040/R0160	Luach gach airgeadra eile atá fágtha — Dliteanais theagmhasacha	Tuairiscigh luach iomlán na ndliteanas teagmhasach le haghaidh na n-airgeadraí atá fágtha nach dtuairiscítear de réir airgeadra. Ciallaíonn sé sin go n-eisiann an chill sin an méid a thuairiscítear san airgeadra tuairiscithe (C0030/R0160) agus sna hairgeadraí a thuairiscítear de réir airgeadra (C0050/R0160).
C0050/R0160	Luach airgeadraí ábharacha — Dliteanais theagmhasacha	Tuairiscigh luach iomlán na ndliteanas teagmhasach le haghaidh na n-airgeadraí go léir ar gá iad a thuairisciú ar leithligh
C0020/R0170	Luach iomlán gach airgeadra — Aon dliteanas eile	Tuairiscigh luach iomlán aon dliteanais eile le haghaidh gach airgeadra.
C0030/R0170	Luach an airgeadra tuairiscithe — Aon dliteanais eile	Tuairiscigh luach aon dliteanais eile le haghaidh an airgeadra tuairiscithe.
C0040/R0170	Luach gach airgeadra eile atá fágtha — Aon dliteanas eile	Tuairiscigh luach iomlán aon dliteanais eile le haghaidh na n-airgeadraí atá fágtha nach dtuairiscítear de réir airgeadra. Ciallaíonn sé sin go n-eisiann an chill sin an méid a thuairiscítear san airgeadra tuairiscithe (C0030/R0170) agus sna hairgeadraí a thuairiscítear de réir airgeadra (C0050/R0170).

	MÍR	TREORACHA
C0050/R0170	Luach airgeadraí ábharacha — Aon dliteanais eile	Tuairiscigh luach iomlán aon dliteanais eile le haghaidh na n-airgeadraí go léir ar gá iad a thuairisciú ar leithligh.
C0020/R0200	Luach iomlán gach airgeadra — Dliteanais iomlána	Tuairiscigh luach iomlán na ndliteanas iomlán le haghaidh gach airgeadra.
C0030/R0200	Luach an airgeadra tuairiscithe — Dliteanais iomlána	Tuairiscigh luach na ndliteanas iomlán le haghaidh an airgeadra tuairiscithe.
C0040/R0200	Luach gach airgeadra eile atá fágtha — Dliteanais iomlána	Tuairiscigh luach iomlán na ndliteanas iomlán le haghaidh na n-airgeadraí atá fágtha nach dtuairiscítear de réir airgeadra. Ciallaíonn sé sin go n-eisiann an chill sin an méid a thuairiscítear san airgeadra tuairiscithe (C0030/R0200) agus sna hairgeadraí a thuairiscítear de réir airgeadra (C0050/R0200).
C0050/R0200	Luach airgeadraí ábharacha — Dliteanais iomlána	Tuairiscigh luach iomlán na ndliteanas iomlán le haghaidh na n-airgeadraí go léir ar gá iad a thuairisciú ar leithligh.

S.03.01 — Míreanna lasmuigh den chlár comhardaithe — Ginearálta

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh eintitis aonair.

Áirítear sa teimpléad seo an fhaisnéis a thagraíonn do mhíreanna lasmuigh den chlár comhardaithe agus do luach uasta agus do luach Shócmhainneacht II dliteanas teagmhasach ar chlár comhardaithe Shócmhainneacht II.

Maidir le linn sócmhainní lena gcuirtear infheistíocht faoi urrús (e.g. an linn sócmhainní ar comhthaobhacht iad le haghaidh bannaí faoi gchumhdach), níor cheart iad a thuairisciú sa teimpléad seo.

Maidir le luach Shócmhainneacht II, sainmhínítear na míreanna ó pheirspictíocht sainaitheantais sna treoracha. Leagtar síos prionsabail luachála i dTreoir 2009/138/CE, i Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, i gCaighdeáin Theicniúla arna n-eisiúint faoi Threoir 2009/138/CE agus i dTreoirlínte an Údaráis Eorpaigh um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC).

Ráthaíochtaí lena gceanglaítear ar an eisitheoir íocaíochtaí sonraithe a dhéanamh chun an sealbhóir a aisíoc i ndáil le caillteanas a thabhaíonn an sealbhóir más rud é nach ndéanann an féichiúnaí sonraithe íocaíocht agus í dlite faoi bhuntéarmaí nó téarmaí modhnaithe ionstraime fiachais. Féadfaidh foirmeacha dlí éagsúla a bheith ag na ráthaíochtaí sin, mar shampla ráthaíochtaí airgeadais, litreacha creidmheasa, conarthaí mainneachtana creidmheasa. Ní áireofar leis na míreanna sin ráthaíochtaí a eascraíonn as conarthaí árachais, a aithnítear i bhforálacha teicniúla.

Is mar seo a leanas a shainmhínítear dliteanas teagmhasach:

a) oibleagáid fhéideartha a eascraíonn as teagmhais roimhe seo agus nach ndeimhneofar gurb ann di ach amháin i gcás ina dtarlóidh nó nach dtarlóidh teagmhas éiginnte amháin nó níos mó amach anseo nach mbeidh go hiomlán faoi smacht an eintitis; nó

b) oibleagáid láithreach a eascraíonn as teagmhais roimhe seo fiú i gcás:

   i. nach bhfuil sé dóchúil go gceanglófar eis-sreabhadh acmhainní ina gcorpraítear tairbhí eacnamaíocha chun an oibleagáid a shocrú; nó

   ii. nach féidir méid na hoibleagáide a thomhas ar bhealach atá iontaofa go leor.

Is é is comhthaobhacht ann sócmhainn lena mbaineann luach airgeadúil nó gealltanas lena n-urraítear an t-iasachtóir in aghaidh mhainneachtain an iasachtaí. Ba cheart luach na comhthaobhachta a thuairisciú mar luach eacnamaíoch na comhthaobhachta mar shampla an dáta tagartha (luach Shócmhainneacht II na sócmhainní), seachas mar luach coigeartaithe de réir riosca comhthaobhachta de réir Airteagal 197 den Rialachán Tarmligthe.

Ní thuairisceofar ach ráthaíochtaí teoranta sa teimpléad seo, gan faisnéis maidir le haon ráthaíocht neamhtheoranta arna soláthar nó arna fáil a áireamh.

Cuirfear an teimpléad seo isteach nuair is infheidhme aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:

a) is airde méid aon cheann de na suimeanna seo a leanas ná 2 % d'Iomlán na Sócmhainní:

   i. (C0020/R0010) Luach ráthaíochta/comhthaobhachta/dliteanas teagmhasach — Ráthaíochtaí arna soláthar ag an ngnóthas, lena n-áirítear litreacha creidmheasa + (C0020/R0300) Luach ráthaíochta/comhthaobhachta/dliteanas teagmhasach — Comhthaobhacht iomlán atá curtha i ngeall + (C0010/R0400) Uasluach — Dliteanais theagmhasacha iomlána;

   ii. (C0020/R0030) Luach ráthaíochta/comhthaobhachta/dliteanas teagmhasach — Ráthaíochtaí atá faighte ag an ngnóthas, lena n-áirítear litreacha creidmheasa + (C0020/R0200) Luach ráthaíochta/comhthaobhachta/dliteanas teagmhasach — Comhthaobhacht iomlán arna sealbhú; nó

b) sholáthair nó fuair an gnóthas ráthaíocht neamhtheoranta.

	MÍR	TREORACHA
C0010/R0010	Uasluach — Ráthaíochtaí arna soláthar ag an ngnóthas, lena n-áirítear litreacha creidmheasa	Suim gach eis-sreabhaidh airgid a bhaineann le ráthaíochtaí dá dtarlódh na teagmhais truiceartha uile i ndáil le ráthaíochtaí arna soláthar ag an ngnóthas do pháirtí eile. Áirítear leis sreafaí airgid a bhaineann le litir chreidmheasa. I gcás ina n-aithnítear aon ráthaíocht mar dhliteanas teagmhasach faoi R0310 freisin, cuimseofar an t-uasmhéid sa ró seo freisin.
C0010/R0020	Uasluach — Ráthaíochtaí arna soláthar ag an ngnóthas, lena n-áirítear litreacha creidmheasa, ar ráthaíochtaí iad, lena n-áirítear litreacha creidmheasa, arna soláthar do ghnóthais eile den ghrúpa céanna	An chuid de C0010/R0010 a bhaineann le ráthaíochtaí, lena n-áirítear litreacha creidmheasa, arna soláthar do ghnóthais eile den ghrúpa céanna.
C0020/R0010	Luach ráthaíochta/ comhthaobhachta/dliteanas teagmhasach — Ráthaíochtaí arna soláthar ag an ngnóthas, lena n-áirítear litreacha creidmheasa	Luach Shócmhainneacht II de chuid na ráthaíochtaí arna soláthar ag an ngnóthas, lena n-áirítear litreacha creidmheasa
C0020/R0020	Luach ráthaíochta/ comhthaobhachta/dliteanas teagmhasach — Ráthaíochtaí arna soláthar ag an ngnóthas, lena n-áirítear litreacha creidmheasa, ar ráthaíochtaí iad, lena n-áirítear litreacha creidmheasa, arna soláthar do ghnóthais eile den ghrúpa céanna	An chuid de C0020/R0010 a bhaineann le ráthaíochtaí, lena n-áirítear litreacha creidmheasa, arna soláthar do ghnóthais eile den ghrúpa céanna.

	MÍR	TREORACHA
C0010/R0030	Uasluach — Ráthaíochtaí arna bhfáil ag an ngnóthas, lena n-áirítear litreacha creidmheasa	Suim gach insreabhaidh airgid a bhaineann le ráthaíochtaí dá dtarlódh na teagmhais truiceartha uile i ndáil le ráthaíochtaí arna bhfáil ag an ngnóthas ó pháirtí eile chun íocaíocht na ndliteanas atá dlite ag an ngnóthas a ráthú (áirítear leis litir chreidmheasa, saoráidí iasachtaíochta geallta neamhtharraingthe).
C0010/R0040	Uasluach — Ráthaíochtaí arna bhfáil ag an ngnóthas, lena n-áirítear litreacha creidmheasa, ar ráthaíochtaí iad, lena n-áirítear litreacha creidmheasa, arna bhfáil ó ghnóthais eile den ghrúpa céanna	An chuid de C0010/R0030 a bhaineann le ráthaíochtaí, lena n-áirítear litreacha creidmheasa, arna bhfáil ó ghnóthais eile den ghrúpa céanna.
C0020/R0030	Luach ráthaíochta/ comhthaobhachta/dliteanas teagmhasach — Ráthaíochtaí arna bhfáil ag an ngnóthas, lena n-áirítear litreacha creidmheasa	Luach Shócmhainneacht II de chuid na ráthaíochtaí arna bhfáil ag an ngnóthas, lena n-áirítear litreacha creidmheasa.
C0020/R0040	Luach ráthaíochta/ comhthaobhachta/dliteanas teagmhasach — Ráthaíochtaí arna bhfáil ag an ngnóthas, lena n-áirítear litreacha creidmheasa, ar ráthaíochtaí iad, lena n-áirítear litreacha creidmheasa, arna bhfáil ó ghnóthais eile den ghrúpa céanna	An chuid de C0020/R0030 a bhaineann le ráthaíochtaí, lena n-áirítear litreacha creidmheasa, arna bhfáil ó ghnóthais eile den ghrúpa céanna.
C0020/R0100	Luach ráthaíochta/ comhthaobhachta/dliteanas teagmhasach — Comhthaobhacht arna sealbhú le haghaidh iasachtaí a rinneadh nó bannaí a ceannaíodh	Luach Shócmhainneacht II na gcomhthaobhachtaí arna sealbhú le haghaidh iasachtaí a rinneadh nó bannaí a ceannaíodh.
C0020/R0110	Luach ráthaíochta/ comhthaobhachta/dliteanas teagmhasach — Comhthaobhacht arna sealbhú le haghaidh díorthach	Luach Shócmhainneacht II na gcomhthaobhachtaí arna sealbhú le haghaidh díorthach.
C0020/R0120	Luach ráthaíochta/ comhthaobhachta/dliteanas teagmhasach — Sócmhainní arna gcur i ngeall ag athárachóirí le haghaidh forálacha teicniúla arna ngéilleadh	Luach Shócmhainneacht II na sócmhainní arna gcur i ngeall ag athárachóirí le haghaidh forálacha teicniúla arna ngéilleadh.

	MÍR	TREORACHA
C0020/R0130	Luach ráthaíochta/ comhthaobhachta/dliteanas teagmhasach — Comhthaobhacht eile arna sealbhú	Luach Shócmhainneacht II na gcomhthaobhachtaí eile arna sealbhú.
C0020/R0200	Luach ráthaíochta/ comhthaobhachta/dliteanas teagmhasach — Comhthaobhacht iomlán arna sealbhú	Luach iomlán Shócmhainneacht II na gcomhthaobhachtaí arna sealbhú.
C0030/R0100	Luach sócmhainní dá sealbhaítear comhthaobhacht — Comhthaobhacht arna sealbhú le haghaidh iasachtaí a rinneadh nó bannaí a ceannaíodh	Luach Shócmhainneacht II na sócmhainní dá sealbhaítear an chomhthaobhacht le haghaidh iasachtaí a rinneadh nó bannaí a ceannaíodh.
C0030/R0110	Luach sócmhainní dá sealbhaítear comhthaobhacht — Comhthaobhacht arna sealbhú le haghaidh díorthach	Luach Shócmhainneacht II na sócmhainní dá sealbhaítear an chomhthaobhacht le haghaidh díorthach.
C0030/R0120	Luach sócmhainní dá sealbhaítear comhthaobhacht — Sócmhainní arna gcur i ngeall ag athárachóirí le haghaidh forálacha teicniúla arna ngéilleadh	Luach Shócmhainneacht II na sócmhainní dá sealbhaítear an chomhthaobhacht ar shócmhainní arna gcur i ngeall ag athárachóirí le haghaidh forálacha teicniúla arna ngéilleadh.
C0030/R0130	Luach sócmhainní dá sealbhaítear comhthaobhacht — Comhthaobhacht eile arna sealbhú	Luach Shócmhainneacht II na sócmhainní dá sealbhaítear an chomhthaobhacht eile.
C0030/R0200	Luach sócmhainní dá sealbhaítear comhthaobhacht — Comhthaobhacht iomlán arna sealbhú	Luach iomlán Shócmhainneacht II na sócmhainní dá sealbhaítear an chomhthaobhacht iomlán.
C0020/R0210	Luach ráthaíochta/ comhthaobhachta/dliteanas teagmhasach — Comhthaobhacht arna cur i ngeall le haghaidh iasachtaí a fuarthas nó bannaí a eisíodh	Luach Shócmhainneacht II na gcomhthaobhachtaí arna gcur i ngeall le haghaidh iasachtaí a fuarthas nó bannaí a eisíodh.
C0020/R0220	Luach ráthaíochta/ comhthaobhachta/dliteanas teagmhasach — Comhthaobhacht arna cur i ngeall le haghaidh díorthach	Luach Shócmhainneacht II na gcomhthaobhachtaí arna gcur i ngeall le haghaidh díorthach.
C0020/R0230	Luach ráthaíochta/ comhthaobhachta/dliteanas teagmhasach — Sócmhainní arna gcur i ngeall d'árachóirí géillte le haghaidh forálacha teicniúla (athárachas glactha)	Luach Shócmhainneacht II na sócmhainní arna gcur i ngeall d'árachóirí géillte le haghaidh forálacha teicniúla (athárachas arna ghlacadh).

	MÍR	TREORACHA
C0020/R0240	Luach ráthaíochta/ comhthaobhachta/dliteanas teagmhasach — Comhthaobhacht eile arna cur i ngeall	Luach Shócmhainneacht II na comhthaobhachta arna cur i ngeall le haghaidh comhthaobhacht eile.
C0020/R0300	Luach ráthaíochta/ comhthaobhachta/dliteanas teagmhasach — Comhthaobhacht iomlán arna cur i ngeall	Luach Shócmhainneacht II na comhthaobhachta arna cur i ngeall.
C0040/R0210	Luach dliteanas dá gcuirtear comhthaobhacht i ngeall — Comhthaobhacht arna cur i ngeall le haghaidh iasachtaí a fuarthas nó bannaí a eisíodh	Luach Shócmhainneacht II na ndliteanas dá gcuirtear i ngeall an chomhthaobhacht le haghaidh iasachtaí a fuarthas nó bannaí a eisíodh.
C0040/R0220	Luach dliteanas dá gcuirtear comhthaobhacht i ngeall — Comhthaobhacht arna cur i ngeall le haghaidh díorthach	Luach Shócmhainneacht II na ndliteanas dá gcuirtear i ngeall an chomhthaobhacht le haghaidh díorthach.
C0040/R0230	Luach dliteanas dá gcuirtear comhthaobhacht i ngeall — Sócmhainní arna gcur i ngeall d'árachóirí géillte le haghaidh forálacha teicniúla (athárachas arna ghlacadh)	Luach Shócmhainneacht II na ndliteanas dá gcuirtear i ngeall na sócmhainní d'árachóirí géillte le haghaidh forálacha teicniúla (athárachas arna ghlacadh).
C0040/R0240	Luach dliteanas dá gcuirtear comhthaobhacht i ngeall — Comhthaobhacht eile arna cur i ngeall	Luach Shócmhainneacht II na ndliteanas dá gcuirtear i ngeall comhthaobhacht eile.
C0040/R0300	Luach dliteanas dá gcuirtear comhthaobhacht i ngeall — Comhthaobhacht iomlán arna cur i ngeall	Luach iomlán Shócmhainneacht II na ndliteanas dá gcuirtear i ngeall an chomhthaobhacht.
C0010/R0310	Uasluach — Dliteanais theagmhasacha nach bhfuil ar Chlár Comhardaithe Shócmhainneacht II	Uasluach féideartha, gan beann ar a ndóchúlacht (i.e. eis-sreabhadh airgid amach anseo chun an dliteanas teagmhasach a shocrú i gcaitheamh shaolré an dliteanais theagmhasaigh sin, arna lascainiú de réir struchtúr ábhartha téarma agus rátaí úis atá saor ó riosca) na ndliteanas teagmhasach nach n-áirítear orthu sin a luacháiltear ar Chlár Comhardaithe Shócmhainneacht II (mír C0010/R0740 de S.02.01). Bainfidh sé sin le dliteanais theagmhasacha nach bhfuil ábharach. Áireofar leis an méid sin ráthaíochtaí a thuairiscítear in R0010 má mheastar iad mar dhliteanais theagmhasacha.

	MÍR	TREORACHA
C0010/R0320	Uasluach — Dliteanais theagmhasacha nach bhfuil ar Chlár Comhardaithe Shócmhainneacht II, ar dliteanais theagmhasacha i leith eintitis den ghrúpa céanna iad	An chuid de C0010/R0310 a bhaineann le dliteanais theagmhasacha i leith eintitis den ghrúpa céanna.
C0010/R0330	Uasluach — Dliteanais theagmhasacha ar Chlár Comhardaithe Shócmhainneacht II	Uasluach féideartha, gan beann ar a ndóchúlacht (i.e. eis-sreabhadh airgid amach anseo chun an dliteanas teagmhasach a shocrú thar shaolré an dliteanais theagmhasaigh sin, arna lascainiú de réir struchtúr théarma an ráta úis saor ó riosca) dliteanas teagmhasach a luacháiltear ar Chlár Comhardaithe Shócmhainneacht II mar a shainmhínítear in Airteagal 11 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
C0010/R0400	Uasluach — Dliteanais Theagmhasacha Iomlána	Uasluach iomlán féideartha dliteanas teagmhasach, gan beann ar a ndóchúlacht (i. e. sreabhadh airgid amach anseo chun an dliteanas teagmhasach a shocrú i gcaitheamh shaolré an dliteanais theagmhasaigh sin, arna lascainiú de réir struchtúr ábhartha téarma agus rátaí úis atá saor ó riosca).
C0020/R0310	Luach ráthaíochta/ comhthaobhachta/dliteanas teagmhasach — Dliteanais theagmhasacha nach bhfuil ar Chlár Comhardaithe Shócmhainneacht II	Luach Shócmhainneacht II na ndliteanas teagmhasach nach bhfuil ar Chlár Comhardaithe Shócmhainneacht II.
C0020/R0330	Luach ráthaíochta/ comhthaobhachta/dliteanas teagmhasach — Dliteanais theagmhasacha atá ar Chlár Comhardaithe Shócmhainneacht II	Luach Shócmhainneacht II na ndliteanas teagmhasach ar Chlár Comhardaithe Shócmhainneacht II. Ní thuairisceofar an luach sin ach amháin maidir le dliteanais theagmhasacha ar tuairiscíodh luach i mír C0010/R0330 in S.03.01 ina leith. Más lú an luach seo ná C0010/R0740 in S.02.01, soláthrófar míniú sa tuairisciú mionsonraithe.
C0050/R0510	Ráthaíochtaí neamhtheoranta - arna bhfáil	Léiriú maidir le cibé acu a fuair nó nach bhfuair an gnóthas aon ráthaíocht neamhtheoranta. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 0 – ní bhfuarthas aon ráthaíocht neamhtheoranta; 1 – Ní bhfuarthas ráthaíochtaí neamhtheoranta ach ó eintitis den ghrúpa céanna; 2 – Ní bhfuarthas ráthaíochtaí neamhtheoranta ach ó eintitis nach leis an ngrúpa céanna iad; 3 – Fuarthas ráthaíochtaí neamhtheoranta ó eintitis den ghrúpa céanna agus ó eintitis nach leis an ngrúpa céanna iad.
C0050/R0520	Ráthaíochtaí neamhtheoranta - arna soláthar	Léiriú maidir le cibé acu a sholáthair nó nár sholáthair an gnóthas aon ráthaíocht neamhtheoranta. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 0 – níor soláthraíodh aon ráthaíocht neamhtheoranta; 1 – Níor soláthraíodh ráthaíochtaí neamhtheoranta ach d'eintitis den ghrúpa céanna;

	MÍR	TREORACHA
		2 – Níor soláthraíodh ráthaíochtaí neamhtheoranta ach d'eintitis nach leis an ngrúpa céanna iad; 3 – Soláthraíodh ráthaíochtaí neamhtheoranta d'eintitis den ghrúpa céanna agus d'eintitis nach leis an ngrúpa céanna iad.

S.04.02 — Faisnéis maidir le haicme 10 i gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir Shócmhainneacht II, gan dliteanas an iompróra a áireamh

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh eintitis aonair.

Tá an teimpléad seo le tuairisciú de réir Airteagal 159 de Threoir 2009/138/CE agus ní thugtar aghaidh leis ach ar ghnó árachais dhírigh.

Tuairisceofar faisnéis i ndáil leis an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar, ar seirbhísí iad a dhéanann an gnóthas agus tír LEE, lena sainaithneofar ar leithligh an gnó a dhéantar de réir brainse tríd an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar.

	MÍR	TREORACHA
R0010 …	Tír LEE	Cód ISO 3166-1 alfa-2 de chuid thír LEE ina bhfuil an brainse
C0010/R0020	Gnóthas — FPS — Minicíocht éileamh ar dhliteanas maidir le húsáid mótarfheithicle (ach amháin dliteanas an iompróra)	An líon éileamh i ndáil leis an ngnó a dhéanann an gnóthas tríd an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar, arna dtabhú maidir le haicme 10 i gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2009/138/CE (ach amháin dliteanas an iompróra), roinnte ar an meánlíon feithiclí faoi árachas sa tréimhse tuairiscithe. Comhfhreagraíonn an meánlíon feithiclí faoi árachas don mheánluach idir an líon feithiclí faoi árachas ag deireadh na bliana tuairiscithe agus an líon feithiclí faoi árachas ag deireadh na bliana roimh an mbliain tuairiscithe. Ní chuirfear san áireamh éilimh gan aon mhéid tabhaithe.
C0010/R0030	Gnóthas — FPS — Meánchostas éileamh ar dhliteanas maidir le húsáid mótarfheithicle (ach amháin dliteanas an iompróra)	Meánmhéid na n-éileamh arna dtabhú, i ndáil leis an ngnó a dhéanann an gnóthas tríd an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar, maidir le haicme 10 i gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2009/138/CE (ach amháin dliteanas an iompróra), arna thomhas mar mhéid na n-éileamh arna dtabhú roinnte ar an líon éileamh arna dtabhú. Ní chuirfear san áireamh éilimh gan aon mhéid tabhaithe.
C0020/R0020	Brainse — Minicíocht éileamh ar dhliteanas maidir le húsáid mótarfheithicle (ach amháin dliteanas an iompróra)	An líon éileamh, le haghaidh gach brainse i ndáil leis an ngnó a dhéantar sa tír ina bhfuil an brainse bunaithe, arna dtabhú maidir le haicme 10 i gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2009/138/CE (ach amháin dliteanas an iompróra), roinnte ar an meánlíon feithiclí faoi árachas sa tréimhse tuairiscithe. Comhfhreagraíonn an meánlíon feithiclí faoi árachas don mheánluach idir an líon feithiclí faoi árachas ag deireadh na bliana tuairiscithe agus an líon feithiclí faoi árachas ag deireadh na bliana roimh an mbliain tuairiscithe. Ní chuirfear san áireamh éilimh gan aon mhéid tabhaithe.

	MÍR	TREORACHA
C0030/R0020	FPS — Minicíocht éileamh ar dhliteanas maidir le húsáid mótarfheithicle (seachas dliteanas an iompróra)	An líon éileamh, le haghaidh gach brainse i ndáil leis an ngnó a dhéantar tríd an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar, arna dtabhú maidir le haicme 10 i gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2009/138/CE (seachas dliteanas an iompróra), roinnte ar an meánlíon feithiclí faoi árachas sa tréimhse tuairiscithe. Comhfhreagraíonn an meánlíon feithiclí faoi árachas don mheánluach idir an líon feithiclí faoi árachas ag deireadh na bliana tuairiscithe agus an líon feithiclí faoi árachas ag deireadh na bliana roimh an mbliain tuairiscithe. Ní chuirfear san áireamh éilimh gan aon mhéid tabhaithe.
C0020/R0030 …	Brainse — Meánchostas éileamh ar dhliteanas maidir le húsáid mótarfheithicle (ach amháin dliteanas an iompróra)	Meánmhéid na n-éileamh arna dtabhú, le haghaidh gach brainse i ndáil leis an ngnó a dhéantar sa tír ina bhfuil an brainse bunaithe, maidir le haicme 10 i gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2009/138/CE (ach amháin dliteanas an iompróra), arna thomhas mar mhéid na n-éileamh arna dtabhú roinnte ar an líon éileamh arna dtabhú. Ní chuirfear san áireamh éilimh gan aon mhéid tabhaithe.
C0030/R0030 …	FPS — Meánchostas éileamh ar dhliteanas maidir le húsáid mótarfheithicle (ach amháin dliteanas an iompróra)	Meánmhéid na n-éileamh arna dtabhú, le haghaidh gach brainse i ndáil leis an ngnó a dhéantar tríd an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar, maidir le haicme 10 i gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2009/138/CE (ach amháin dliteanas an iompróra), arna thomhas mar mhéid na n-éileamh arna dtabhú roinnte ar an líon éileamh arna dtabhú. Ní chuirfear san áireamh éilimh gan aon mhéid tabhaithe.

S.04.03 — Faisnéis Bhunúsach – liosta d'eintitis frithgheallta

Barúlacha ginearálta

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh gnóthais árachais agus athárachais aonair agus lena n-aghaidh sin amháin.

Ba cheart na treoracha tuairiscithe le haghaidh theimpléad S.04.03 a léamh i gcomhar leis na treoracha tuairiscithe le haghaidh S.04.04 agus S.04.05. Ar fud na dtrí theimpléad sin, déanfaidh eintitis an gnó go léir a thuairisciú ón dá thaobh éagsúla seo: suíomh an fhrithgheallta agus suíomh an riosca.

Áireofar leis an bhfaisnéis sna teimpléid sin:

— gach gnó árachais gan beann ar an aicmiú difriúil a d'fhéadfadh a bheith idir conarthaí infheistíochta agus conarthaí árachais is infheidhme sna ráitis airgeadais; agus

— gnó díreach agus gnó athárachais arna ghlacadh.

Tuairisceofar an teimpléad sin ó pheirspictíocht cuntasaíochta (i.e. GAAP áitiúil, nó IFRS má ghlactar leis mar GAAP áitiúil); comhlíonfar é, áfach, agus úsáid á baint as na réimeanna gnó mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35. Úsáidfidh gnóthais an bonn aitheantais agus luachála mar a dhéantar le haghaidh na ráiteas airgeadais foilsithe (i.e. ní éilítear aon aitheantas ná athluacháil nua) ach amháin maidir leis an aicmiú idir conarthaí infheistíochta agus conarthaí árachais i gcás inarb infheidhme sin sna ráitis airgeadais.

Cuirfear an fhaisnéis sna teimpléid sin i láthair i bhfoirm chomhlán, gan asbhaint athárachais arna ghéilleadh.

Chun críocha an teimpléid seo, ciallaíonn "tír bhunaíochta":

a) An tír ina bhfuil an gnóthas árachais údaraithe (tír bhaile) i gcás nár díoladh an conradh trí bhrainse; agus

b) An tír ina bhfuil an brainse lonnaithe (tír óstach) i gcás inar díoladh an conradh trí bhrainse.

Chun críocha an teimpléid seo, ní mheastar idirghabhálaí a bheith ina eintiteas frithgheallta ar leithligh. I gcás ina n-úsáidtear idirghabhálaí, nó in aon chás eile, is a) nó b) í an tír bhunaíochta ag brath ar cé a dhíol an conradh.

	MÍR	TREORACHA
Liosta eintiteas frithgheallta		
C0010	Cód eintitis frithgheallta	Is éard a bheidh i gcód aitheantais an eintitis frithgheallta LEI na ceannoifige. I gcás ina mbeidh LEI ag brainse neamh-LEE nach ionann é agus LEI na ceannoifige, úsáidfear an LEI sin mar uimhir an eintitis frithgheallta. I gcás bhrainsí LEE agus bhrainsí neamh-LEE nach bhfuil LEI ar leith acu, sannfaidh an gnóthas cód sonrach dóibh. Beidh an cód sin uathúil i gcás gach eintitis frithgheallta shonraigh agus ní bheidh forluí idir sin agus aon chód eile atá sannta ag an ngnóthas ná aon chód LEI.
C0011	An cineál cóid eintitis frithgheallta	Sainaithint an chóid a úsáidtear sa mhír "Cód eintitis frithgheallta": 1 — LEI 2 — Cód sonrach
C0020	An cineál eintitis	Sainaithint an chineáil eintitis. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 – Ceannoifig 2 – Brainse
C0030	An cineál logánaithe brainse	Sainaithint an chineáil brainse. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 – Brainse LEE 2 – Brainse neamh-LEE I gcás ina sainaithneofar "an cineál eintitis" mar cheannoifig in C0020, fágfar an réimse sin bán.
C0040	Tír bhunaíochta	Sainaithin cód ISO 3166–1 alfa–2 de chuid thír bhunaíochta gach brainse. Ní hinfheidhme an réimse sin (sa teimpléad seo) i gcás ina mbeidh "ceannoifig" roghnaithe in C0020, mar sa chás sin sainmhínítear an cód tíre mar "Tír an údaraithe" a thuairiscítear i dteimpléad S.01.02

S.04.04 — Gníomhaíocht de réir tíre – suíomh an fhrithgheallta

Barúlacha ginearálta

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh gnóthais árachais agus athárachais aonair agus lena n-aghaidh sin amháin.

Ba cheart na treoracha tuairiscithe le haghaidh theimpléad S.04.04 a léamh i gcomhar leis na treoracha tuairiscithe le haghaidh S.04.03 agus S.04.05. Ar fud na dtrí theimpléad sin, déanfaidh eintitis an gnó go léir a thuairisciú ón dá thaobh éagsúla seo: suíomh an fhrithgheallta agus suíomh an riosca. Díríonn teimpléad S.04.04 ar shuíomh an fhrithgheallta.

Tuairisceofar an fhaisnéis agus idirdhealú á dhéanamh idir an gnó arna fhrithghealladh sa tír ina bhfuil gach ceann de na heintitis frithgheallta bunaithe (mar a liostaítear i dteimpléad S.04.03) agus gnó arna fhrithghealladh i ngach ceann de thíortha eile LEE faoin tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar (FPS) ag gach ceann de na heintitis frithgheallta.

Aon ghnó arna fhrithghealladh ag eintiteas frithgheallta nach bhfrithghealltar faoin tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar, aicmeofar é mar ghnó arna fhrithghealladh sa tír ina bhfuil an t-eintiteas frithgheallta bunaithe.

Suimiúchán aon ró in C0030 ar fud na dtíortha uile a meastar, beidh a iomlán cothrom leis an luach a sholáthraítear in C0020 le haghaidh an ró chéanna sin.

Tabharfaidh gnóthais árachais agus athárachais tuairisc ar phréimheanna scríofa/tuillte mar a shainmhínítear in Airteagal 1(11) agus (12) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 gan beann ar cé acu a úsáidtear nó nach n-úsáidtear GAAP áitiúil nó IFRS.

	MÍR	TREORACHA
De réir eintiteas frithgheallta		
Z0010	Réim Ghnó	Sainaithint na réime gnó mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, arna tuairisciú. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 – Árachas maidir le caiteachas leighis 2 – Árachas cosanta ioncaim 3 – Árachas gortuithe tionsclaíocha 4 – Árachas dliteanais mótarfheithicle 5 – Árachas mótair eile 6 – Árachas muirí, eitlíochta agus iompair 7 – Árachas dóiteáin agus árachas le haghaidh damáiste eile do mhaoin 8 – Árachas dliteanais ghinearálta 9 – Árachas creidmheasa agus urraíochta 10 – Árachas maidir le costais dlí 11 – Cúnamh 12 – Caillteanas airgeadais ilghnéitheach 13 – Athárachas comhréireach costas dlí 14 – Athárachas comhréireach cosanta ioncaim 15 – Athárachas comhréireach um ghortuithe tionsclaíocha 16 – Athárachas comhréireach um dhliteanas mótarfheithiclí 17 – Athárachas mótair comhréireach eile 18 – Athárachas comhréireach muirí, eitlíochta agus iompair 19 – Athárachas comhréireach dóiteáin agus le haghaidh damáiste eile do mhaoin 20 – Athárachas comhréireach dliteanais ghinearálta 21 – Athárachas comhréireach creidmheasa agus urraíochta 22 – Athárachas comhréireach costas dlí 23 – Athárachas comhréireach cúnaimh

	MÍR	TREORACHA
		24 – Athárachas comhréireach ilghnéitheach caillteanais airgeadais 25 – Athárachas sláinte neamhréireach 26 – Athárachas taisme neamhréireach 27 – Athárachas comhréireach muirí, eitlíochta agus iompair 28 – Athárachas neamhréireach maoine 29 — Árachas sláinte 30 — Árachas le roinnt an bhrabúis 31 — Árachas innéacsnasctha agus aonadnasctha 32 — Árachas saoil eile 33 — Blianachtaí ag eascairt as conarthaí árachais neamhshaoil agus a bhaineann le hoibleagáidí árachais sláinte 34 — Blianachtaí ag eascairt as conarthaí árachais neamhshaoil agus a bhaineann le hoibleagáidí árachais seachas oibleagáidí árachais sláinte 35 — Athárachas sláinte 36 — Athárachas saoil
Z0020	Cód eintitis frithgheallta	Cód aitheantais gach eintitis frithgheallta aonair mar a thuairiscítear i dteimpléad S.04.03.
C0010/R0020	Gnó arna fhrithghealladh sa tír bhunaíochta – Préimheanna Scríofa (comhlán)	Préimheanna arna scríobh ag an eintiteas frithgheallta aonair sa tír bhunaíochta. Cuimseoidh préimheanna comhlána scríofa gach méid atá dlite le linn na bliana airgeadais i leith conarthaí árachais, ainneoin go bhféadfadh baint a bheith ag na méideanna sin go hiomlán nó i bpáirt le bliain airgeadais níos deireanaí. Déanfar méid na gcánacha nó na muirear a bheidh toibhithe le préimheanna a eisiamh ó na préimheanna scríofa.
C0010/R0030	Gnó arna fhrithghealladh sa tír bhunaíochta – Éilimh arna dtabhú	Éilimh arna dtabhú ag an eintiteas frithgheallta aonair sa tír bhunaíochta. Éilimh arna dtabhú sa tréimhse tuairiscithe mar a shainmhínítear i dTreoir 91/674/CEE i gcás inarb infheidhme: ciallaíonn na héilimh arna dtabhú suim na n-éileamh arna n-íoc agus an t-athrú ar an soláthar d'éilimh le linn na bliana airgeadais a bhaineann le conarthaí árachais. Ní áireofar leis an bhfigiúr le haghaidh éilimh arna dtabhú costais bhainistíochta éileamh agus an ghluaiseacht i bhforálacha i gcostais bhainistíochta éileamh.

	MÍR	TREORACHA
C0010/R0040	Gnó arna fhrithghealladh sa tír bhunaíochta – Costais éadála	Costais éadála an eintitis frithgheallta aonair sa tír bhunaíochta. Áirítear le costais éadála costais ar féidir iad a shainaithint ar leibhéal an chonartha árachais aonair agus ar tabhaíodh iad toisc gur eisigh an t-eintiteas an conradh áirithe sin. Tuairisceofar an mhír sin agus costais athnuachana san áireamh. Is é atá iontu costais choimisiúin, costais ar chonradh árachais atá eisithe a dhíol, a fhrithghealladh agus a thionscnamh. Áirítear ann gluaiseachtaí i gcostais éadála iarchurtha i gcás inarb infheidhme.
C0010/R0050	Gnó arna fhrithghealladh sa tír bhunaíochta – Costais éadála ar coimisiúin iad	Coimisiúin ag an eintiteas frithgheallta aonair sa tír bhunaíochta. An chuid de na costais éadála iomlána (mar a thuairiscítear in R0040) a bhaineann le costais choimisiún.
C0020/R0020	Gnó arna fhrithghealladh trí FPS i dtír nach í an tír bhunaíochta í – Préimheanna Scríofa (comhlán)	Préimheanna arna scríobh trí FPS in aon tír nach í tír bhunaíochta an eintitis frithgheallta aonair í. Cuimseoidh préimheanna comhlána scríofa gach méid atá dlite le linn na bliana airgeadais i leith conarthaí árachais, ainneoin go bhféadfadh baint a bheith ag na méideanna sin go hiomlán nó i bpáirt le bliain airgeadais níos deireanaí. Déanfar méid na gcánacha nó na muirear a bheidh toibhithe le préimheanna a eisiamh ó na préimheanna scríofa.
C0020/R0030	Gnó arna fhrithghealladh trí FPS i dtír nach í an tír bhunaíochta í – Éilimh arna dtabhú	Éilimh arna dtabhú trí FPS in aon tír nach í tír bhunaíochta an eintitis frithgheallta aonair í. Éilimh arna dtabhú sa tréimhse tuairiscithe mar a shainmhínítear i dTreoir 91/674/CEE i gcás inarb infheidhme: ciallaíonn na héilimh arna dtabhú suim na n-éileamh arna n-íoc agus an t-athrú ar an soláthar d'éilimh le linn na bliana airgeadais a bhaineann le conarthaí árachais. Ní áireofar leis an bhfigiúr le haghaidh éilimh arna dtabhú costais bhainistíochta éileamh agus an ghluaiseacht i bhforálacha i gcostais bhainistíochta éileamh.
C0020/R0040	Gnó arna fhrithghealladh trí FPS i dtír nach í an tír bhunaíochta í – Costais éadála	Costais éadála trí FPS in aon tír nach í tír bhunaíochta an eintitis frithgheallta aonair í. Áirítear le costais éadála costais ar féidir iad a shainaithint ar leibhéal an chonartha árachais aonair agus ar tabhaíodh iad toisc gur eisigh an t-eintiteas an conradh áirithe sin. Tuairisceofar an mhír sin agus costais athnuachana san áireamh. Is é atá iontu costais choimisiúin, costais ar chonradh árachais atá eisithe a dhíol, a fhrithghealladh agus a thionscnamh. Áirítear ann gluaiseachtaí i gcostais éadála iarchurtha i gcás inarb infheidhme.

	MÍR	TREORACHA
C0020/R0050	Gnó arna fhrithghealladh trí FPS i dtír nach í an tír bhunaíochta í – Costais éadála ar coimisiúin iad	Coimisiúin trí FPS in aon tír nach í tír bhunaíochta an eintitis frithgheallta aonair í. An chuid de na costais éadála iomlána (mar a thuairiscítear in R0040) a bhaineann le costais choimisiún.

De réir eintiteas frithgheallta agus de réir thír LEE (logánú gníomhaíochta [bunaithe ar shuíomh an fhrithgheallta])

R0010	Tír LEE	Cód ISO 3166-1 alfa-2 de chuid thír LEE ina bhfuil an gnó frithgheallta trí FPS.
C0030/R0020	Gnó arna fhrithghealladh sa tír arna meas trí FPS – Préimheanna Scríofa (comhlán)	Préimheanna arna scríobh ag an eintiteas frithgheallta aonair trí FPS i dtír LEE a thuairiscítear in R0010. Cuimseoidh préimheanna comhlána scríofa gach méid atá dlite le linn na bliana airgeadais i leith conarthaí árachais, ainneoin go bhféadfadh baint a bheith ag na méideanna sin go hiomlán nó i bpáirt le bliain airgeadais níos deireanaí. Déanfar méid na gcánacha nó na muirear a bheidh toibhithe le préimheanna a eisiamh ó na préimheanna scríofa.
C0030/R0030	Gnó arna fhrithghealladh sa tír arna meas trí FPS – Éilimh arna dtabhú	Éilimh arna dtabhú ag an eintiteas frithgheallta aonair trí FPS i dtír LEE a thuairiscítear in R0010. Éilimh arna dtabhú sa tréimhse tuairiscithe mar a shainmhínítear i dTreoir 91/674/CEE i gcás inarb infheidhme: ciallaíonn na héilimh arna dtabhú suim na n-éileamh arna n-íoc agus an t-athrú ar an soláthar d'éilimh le linn na bliana airgeadais a bhaineann le conarthaí árachais. Ní áireofar leis an bhfigiúr le haghaidh éilimh arna dtabhú costais bhainistíochta éileamh agus an ghluaiseacht i bhforálacha i gcostais bhainistíochta éileamh.
C0030/R0040	Gnó arna fhrithghealladh sa tír arna meas trí FPS – Costais éadála	Costais éadála ag an eintiteas frithgheallta aonair trí FPS i dtír LEE a thuairiscítear in R0010. Áirítear le costais éadála costais ar féidir iad a shainaithint ar leibhéal an chonartha árachais aonair agus ar tabhaíodh iad toisc gur eisigh an t-eintiteas an conradh áirithe sin. Tuairisceofar an mhír sin agus costais athnuachana san áireamh. Is é atá iontu costais choimisiúin, costais ar chonradh árachais atá eisithe a dhíol, a fhrithghealladh agus a thionscnamh. Áirítear ann gluaiseachtaí i gcostais éadála iarchurtha i gcás inarb infheidhme.

	MÍR	TREORACHA
C0030/R0050	Gnó arna fhrithghealladh sa tír arna meas trí FPS – Costais éadála ar coimisiúin iad	Coimisiúin ag an eintiteas frithgheallta aonair trí FPS i dtír LEE a thuairiscítear in R0010. An chuid de na costais éadála iomlána (mar a thuairiscítear in R0040) a bhaineann le costais choimisiún.

S.04.05 — Gníomhaíocht de réir tíre – suíomh an riosca

Barúlacha ginearálta

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh gnóthais árachais agus athárachais aonair agus lena n-aghaidh sin amháin.

Ba cheart na treoracha tuairiscithe le haghaidh theimpléad S.04.05 a léamh i gcomhar leis na treoracha tuairiscithe le haghaidh S.04.03 agus S.04.04. Ar fud na dtrí theimpléad sin, déanfaidh eintitis an gnó go léir a thuairisciú ón dá thaobh éagsúla seo: suíomh an fhrithgheallta agus suíomh an riosca. Díríonn teimpléad S.04.05 ar shuíomh an riosca.

Chun críocha an teimpléid seo agus i gcás árachas díreach, ciallaíonn an "tír ina bhfuil an riosca lonnaithe":

a) an tír ina bhfuil an réadmhaoin lonnaithe, i gcás ina mbaineann an t-árachas le foirgnimh nó le foirgnimh agus a bhfuil iontu, a mhéid atá na hábhair sin cumhdaithe ag an bpolasaí árachais céanna;

b) tír an chlárúcháin, i gcás ina mbaineann an t-árachas le feithiclí d'aon chineál;

c) an tír inar thug an sealbhóir polasaí amach an polasaí i gcás polasaithe a mhairfidh 4 mhí nó níos lú ina gcumhdaítear rioscaí taistil nó saoire, cibé aicme lena mbaineann;

d) an tír ina bhfuil an creidmheas/tsuim infhaighte lonnaithe, i gcás ina mbaineann an t-árachas le creidmheas/suimeanna infhaighte;

e) i ngach cás nach bhfuil cumhdaithe go sainráite ag pointí (a), (b), (c) nó (d), an tír ina bhfuil ceachtar díobh seo a leanas lonnaithe:

   i. gnátháit chónaithe an tsealbhóra polasaí; nó

   ii. más duine dlítheanach é an sealbhóir polasaí, bunaíocht an tsealbhóra polasaí sin lena mbaineann an conradh.

Chun críocha an teimpléid seo agus i gcás athárachas comhréireach nó neamhréireach, ciallaíonn an "tír ina bhfuil an riosca lonnaithe" tír logánaithe an ghnóthais ghéillte.

Tuairisceoidh gnóthais ar bhonn tíre le haghaidh 95 %, ar a laghad, de phréimh scríofa comhlán. Tuairisceofar an gnó uile, ach féadfar aon ghnó iarmharach os cionn na tairsí 95 % a ghrúpáil mar "thíortha eile".

Tabharfaidh gnóthais árachais agus athárachais tuairisc ar phréimheanna scríofa/tuillte mar a shainmhínítear in Airteagal 1(11) agus (12) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 gan beann ar cé acu a úsáidtear nó nach n-úsáidtear GAAP áitiúil nó IFRS.

	MÍR	TREORACHA
Gníomhaíocht iomlán an eintitis frithgheallta		
Z0010	Réim Ghnó	Sainaithint na réime gnó mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, arna tuairisciú. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 – Árachas maidir le caiteachas leighis 2 – Árachas cosanta ioncaim 3 – Árachas gortuithe tionsclaíocha 4 – Árachas dliteanais mótarfheithicle 5 – Árachas mótair eile 6 – Árachas muirí, eitlíochta agus iompair 7 – Árachas dóiteáin agus árachas le haghaidh damáiste eile do mhaoin 8 – Árachas dliteanais ghinearálta 9 – Árachas creidmheasa agus urraíochta

	MÍR	TREORACHA
		10 – Árachas maidir le costais dlí 11 – Cúnamh 12 – Caillteanas airgeadais ilghnéitheach 13 – Athárachas comhréireach costas dlí 14 – Athárachas comhréireach cosanta ioncaim 15 – Athárachas comhréireach um ghortuithe tionsclaíocha 16 – Athárachas comhréireach um dhliteanas mótarfheithiclí 17 – Athárachas mótair comhréireach eile 18 – Athárachas comhréireach muirí, eitlíochta agus iompair 19 – Athárachas comhréireach dóiteáin agus le haghaidh damáiste eile do mhaoin 20 – Athárachas comhréireach dliteanais ghinearálta 21 – Athárachas comhréireach creidmheasa agus urraíochta 22 – Athárachas comhréireach costas dlí 23 – Athárachas comhréireach cúnaimh 24 – Athárachas comhréireach ilghnéitheach caillteanais airgeadais 25 – Athárachas sláinte neamhréireach 26 – Athárachas taisme neamhréireach 27 – Athárachas comhréireach muirí, eitlíochta agus iompair 28 – Athárachas neamhréireach maoine 29 — Árachas sláinte 30 — Árachas le roinnt an bhrabúis 31 — Árachas innéacsnasctha agus aonadnasctha 32 — Árachas saoil eile 33 — Blianachtaí ag eascairt as conarthaí árachais neamhshaoil agus a bhaineann le hoibleagáidí árachais sláinte 34 — Blianachtaí ag eascairt as conarthaí árachais neamhshaoil agus a bhaineann le hoibleagáidí árachais seachas oibleagáidí árachais sláinte 35 — Athárachas sláinte 36 — Athárachas saoil
Z0020	Cód Eintitis Frithgheallta	Cód aitheantais gach eintitis frithgheallta aonair mar a thuairiscítear i dteimpléad S.04.03.
C0010/R0020	An gnó iomlán arna scríobh ag na gnóthais – Préimheanna scríofa (comhlán)	Cuimseoidh préimheanna comhlána scríofa gach méid atá dlite le linn na bliana airgeadais i leith conarthaí árachais, ainneoin go bhféadfadh baint a bheith ag na méideanna sin go hiomlán nó i bpáirt le bliain airgeadais níos deireanaí. Déanfar méid na gcánacha nó na muirear a bheidh toibhithe le préimheanna a eisiamh ó na préimheanna scríofa.

	MÍR	TREORACHA
C0010/R0030	An gnó iomlán arna scríobh ag na gnóthais – Préimheanna tuillte (comhlán)	Suim na bpréimheanna comhlána scríofa lúide an t-athrú sa soláthar comhlán le haghaidh préimheanna neamhthuillte.
C0010/R0040	An gnó iomlán arna scríobh ag na gnóthais – Éilimh arna dtabhú (comhlán)	Éilimh arna dtabhú sa tréimhse tuairiscithe mar a shainmhínítear i dTreoir 91/674/CEE i gcás inarb infheidhme: ciallaíonn na héilimh arna dtabhú suim na n-éileamh arna n-íoc agus an t-athrú ar an soláthar d'éilimh le linn na bliana airgeadais a bhaineann le conarthaí árachais. Ní áireofar leis an bhfigiúr le haghaidh éilimh arna dtabhú costais bhainistíochta éileamh agus an ghluaiseacht i bhforálacha i gcostais bhainistíochta éileamh.
C0010/R0050	An gnó iomlán arna scríobh ag na gnóthais – Costais arna dtabhú (comhlán)	Gach costas teicniúil arna dtabhú ag an ngnóthas le linn na tréimhse tuairiscithe, ar bhonn fabhraithe.

Gníomhaíocht de réir tíre – suíomh an riosca

R0010	Tír	Cód alfa–2 ISO 3166–1 na tíre ina bhfuil an riosca lonnaithe
C0020/R0020	Iomlán de réir tíre – Préimheanna scríofa (comhlán)	Préimheanna comhlána arna scríobh le haghaidh an ghnó ina bhfuil an riosca lonnaithe sa tír a thuairiscítear in R0010. Cuimseoidh préimheanna comhlána scríofa gach méid atá dlite le linn na bliana airgeadais i leith conarthaí árachais, ainneoin go bhféadfadh baint a bheith ag na méideanna sin go hiomlán nó i bpáirt le bliain airgeadais níos deireanaí. Déanfar méid na gcánacha nó na muirear a bheidh toibhithe le préimheanna a eisiamh ó na préimheanna scríofa.
C0020/R0030	Iomlán de réir tíre – Préimheanna tuillte (comhlán)	Préimheanna comhlána arna dtuilleamh le haghaidh an ghnó ina bhfuil an riosca lonnaithe sa tír a thuairiscítear in R0010. Is é sin suim na bpréimheanna comhlána scríofa lúide an t-athrú sa soláthar comhlán le haghaidh préimheanna neamhthuillte.
C0020/R0040	Iomlán de réir tíre – Éilimh arna dtabhú (comhlán)	Éilimh chomhlána arna dtabhú le haghaidh an ghnó ina bhfuil an riosca lonnaithe sa tír a thuairiscítear in R0010. Éilimh arna dtabhú sa tréimhse tuairiscithe mar a shainmhínítear i dTreoir 91/674/CEE i gcás inarb infheidhme: ciallaíonn na héilimh arna dtabhú suim na n-éileamh arna n-íoc agus an t-athrú ar an soláthar d'éilimh le linn na bliana airgeadais a bhaineann le conarthaí árachais. Ní áireofar leis an bhfigiúr le haghaidh éilimh arna dtabhú costais bhainistíochta éileamh agus an ghluaiseacht i bhforálacha i gcostais bhainistíochta éileamh.
C0020/R0050	Iomlán de réir tíre – Costais arna dtabhú (comhlán)	Costais chomhlána arna dtabhú le haghaidh an ghnó ina bhfuil an riosca lonnaithe sa tír a thuairiscítear in R0010. Gach costas teicniúil arna dtabhú ag an ngnóthas le linn na tréimhse tuairiscithe, ar bhonn fabhraithe.

S.05.01 — Préimheanna, éilimh agus costais de réir réim ghnó

Barúlacha ginearálta

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach ráithiúil agus bliantúil faisnéise le haghaidh eintitis aonair.

Tuairisceofar an teimpléad seo ó pheirspictíocht cuntasaíochta, i.e.: GAAP áitiúil nó IFRS má ghlactar leis mar GAAP áitiúil ach má úsáidtear réimeanna gnó Shócmhainneacht II, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35. Úsáidfidh gnóthais an bunús aitheantais agus luachála faoi mar a dhéantar do na ráitis airgeadais fhoilsithe, ní éilítear aon aitheantas ná athluacháil nua mura sonraítear a mhalairt sna treoracha seo. Tá an teimpléad seo bunaithe ar bhonn bliain go dáta, ach amháin maidir leis an aicmiú idir conarthaí infheistíochta agus conarthaí árachais nó ceanglais tuairiscithe dhifriúla nuair is infheidhme é sin sna ráitis airgeadais. Áireofar leis an teimpléad seo gach gnó árachais gan beann ar an aicmiú difriúil a d'fhéadfadh a bheith idir conarthaí infheistíochta agus conarthaí árachais is infheidhme sna ráitis airgeadais.

Tabharfaidh gnóthais árachais agus athárachais tuairisc ar phréimheanna scríofa/tuillte mar a shainmhínítear in Airteagal 1(11) agus (12) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 gan beann ar cé acu a úsáidtear nó nach n-úsáidtear GAAP áitiúil nó IFRS.

Déanfar costais riaracháin, costais bainistíochta infheistíochta, costais éadála, costais bainistíochta éileamh agus forchostais a chur i láthair go comhiomlánaithe le haghaidh tuairisciú ráithiúil.

	MÍR	TREORACHA
Oibleagáidí árachais agus athárachais neamhshaoil		
C0010 go C0120/R0110	Préimheanna scríofa — Comhlán — Gnó Díreach	Cuimseoidh préimheanna comhlána scríofa gach méid atá dlite le linn na tréimhse tuairiscithe i leith conarthaí árachais, a eascraíonn as gnó árachais dhírigh, ainneoin go bhféadfadh baint a bheith ag na méideanna sin go hiomlán nó i bpáirt le tréimhse tuairiscithe níos deireanaí. Déanfar méid na gcánacha nó na muirear a bheidh toibhithe le préimheanna a eisiamh ó na préimheanna scríofa.
C0010 go C0120/R0120	Préimheanna scríofa — Comhlán — Athárachas comhréireach arna ghlacadh	Cuimseoidh préimheanna comhlána scríofa gach méid atá dlite le linn na tréimhse tuairiscithe i leith conarthaí árachais, a eascraíonn as gnó athárachais chomhréirigh arna ghlacadh, ainneoin go bhféadfadh baint a bheith ag na méideanna sin go hiomlán nó i bpáirt le tréimhse tuairiscithe níos deireanaí. Déanfar méid na gcánacha nó na muirear a bheidh toibhithe le préimheanna a eisiamh ó na préimheanna scríofa.
C0130 go C0160/R0130	Préimheanna scríofa — Comhlán — Athárachas neamhréireach arna ghlacadh	Cuimseoidh préimheanna comhlána scríofa gach méid atá dlite le linn na tréimhse tuairiscithe i leith conarthaí árachais, a eascraíonn as gnó athárachais neamhréirigh arna ghlacadh, ainneoin go bhféadfadh baint a bheith ag na méideanna sin go hiomlán nó i bpáirt le tréimhse tuairiscithe níos deireanaí. Déanfar méid na gcánacha nó na muirear a bheidh toibhithe le préimheanna a eisiamh ó na préimheanna scríofa.
C0010 go C0160/R0140	Préimheanna scríofa – Sciar athárachóirí	Cuimseoidh préimheanna comhlána scríofa gach méid a géilleadh d'athárachóirí le linn na tréimhse tuairiscithe i leith conarthaí árachais, ainneoin go bhféadfadh baint a bheith ag na méideanna sin go hiomlán nó i bpáirt le tréimhse tuairiscithe níos deireanaí. Déanfar méid na gcánacha nó na muirear a bheidh toibhithe le préimheanna a eisiamh ó na préimheanna scríofa.
C0010 go C0160/R0200	Préimheanna scríofa — Glan	Léiríonn na glanphréimheanna scríofa suim an ghnó dhírigh agus an ghnó athárachais arna ghlacadh arna laghdú leis an méid a géilleadh do ghnóthais athárachais.
C0010 go C0120/R0210	Préimheanna tuillte – Comhlán – Gnó díreach	Suim na bpréimheanna comhlána scríofa lúide an t-athrú ar an soláthar comhlán le haghaidh préimheanna neamhthuillte a bhaineann le gnó árachais dhírigh. Déanfar méid na gcánacha nó na muirear a bheidh toibhithe le préimheanna a eisiamh ó na préimheanna tuillte.

	MÍR	TREORACHA
C0010 go C0120/R0220	Préimheanna tuillte — Comhlán — Athárachas comhréireach arna ghlacadh	Suim na bpréimheanna comhlána scríofa lúide an t-athrú sa soláthar comhlán le haghaidh préimheanna neamhthuillte a bhaineann le gnó athárachais chomhréirigh arna ghlacadh. Déanfar méid na gcánacha nó na muirear a bheidh toibhithe le préimheanna a eisiamh ó na préimheanna tuillte.
C0130 go C0160/R0230	Préimheanna tuillte — Comhlán — Athárachas neamhréireach arna ghlacadh	Suim na bpréimheanna comhlána scríofa lúide an t-athrú sa soláthar comhlán le haghaidh préimheanna neamhthuillte a bhaineann le gnó athárachais neamhréirigh arna ghlacadh. Déanfar méid na gcánacha nó na muirear a bheidh toibhithe le préimheanna a eisiamh ó na préimheanna tuillte.
C0010 go C0160/R0240	Préimheanna tuillte — Sciar athárachóirí	Suim sciar an athárachóra i bpréimheanna comhlána scríofa lúide an t-athrú ar sciar an athárachóra sa soláthar le haghaidh préimheanna neamhthuillte. Déanfar méid na gcánacha nó na muirear a thoibhítear le préimheanna a eisiamh ó na préimheanna tuillte.
C0010 go C0160/R0300	Préimheanna tuillte – Glan	Suim na bpréimheanna comhlána scríofa lúide an t-athrú ar an soláthar comhlán le haghaidh préimheanna neamhthuillte a bhaineann le suim an ghnó dhírigh agus an ghnó athárachais arna ghlacadh laghdaithe leis an méid a géilleadh do ghnóthais athárachais.
C0010 go C0120/R0310	Éilimh arna dtabhú Comhlán – Gnó díreach	Éilimh arna dtabhú sa tréimhse tuairiscithe mar a shainmhínítear i dTreoir 91/674/CEE, i gcás inarb infheidhme: ciallaíonn na héilimh arna dtabhú suim na n-éileamh arna n-íoc agus an t-athrú ar an soláthar d'éilimh le linn na tréimhse tuairiscithe (de réir an GAAP áitiúil nó IFRS a úsáideadh) a bhaineann le conarthaí árachais a eascraíonn as gnó árachais dhírigh. Ní áireofar leis sin costais bhainistíochta éileamh agus an ghluaiseacht i bhforálacha i gcostais bhainistíochta éileamh.
C0010 go C0120/R0320	Préimheanna arna dtabhú — Comhlán — Athárachas comhréireach arna ghlacadh	Éilimh arna dtabhú sa tréimhse tuairiscithe mar a shainmhínítear i dTreoir 91/674/CEE, i gcás inarb infheidhme: ciallaíonn na héilimh arna dtabhú suim na n-éileamh arna n-íoc agus an t-athrú ar an soláthar d'éilimh le linn na tréimhse tuairiscithe (de réir an GAAP áitiúil nó IFRS a úsáideadh), a bhaineann le conarthaí árachais a eascraíonn as an athárachas comhréireach comhlán arna ghlacadh. Ní áireofar leis sin costais bhainistíochta éileamh agus an ghluaiseacht i bhforálacha i gcostais bhainistíochta éileamh.
C0130 go C0160/R0330	Éilimh arna dtabhú — Comhlán — Athárachas neamhréireach arna ghlacadh	Éilimh arna dtabhú sa tréimhse tuairiscithe mar a shainmhínítear i dTreoir 91/674/CEE, i gcás inarb infheidhme: ciallaíonn na héilimh arna dtabhú suim na n-éileamh arna n-íoc agus an t-athrú ar an soláthar d'éilimh le linn na tréimhse tuairiscithe (de réir an GAAP áitiúil nó IFRS a úsáideadh), a bhaineann le conarthaí árachais a eascraíonn as an athárachas neamhréireach comhlán arna ghlacadh. Ní áireofar leis sin costais bhainistíochta éileamh agus an ghluaiseacht i bhforálacha i gcostais bhainistíochta éileamh.
C0010 go C0160/R0340	Éilimh arna dtabhú – Sciar athárachóirí	Éilimh arna dtabhú sa tréimhse tuairiscithe mar a shainmhínítear i dTreoir 91/674/CEE, i gcás inarb infheidhme: is é sin sciar an athárachóra de shuim na n-éileamh arna n-íoc agus an t-athrú ar an soláthar d'éilimh le linn na tréimhse tuairiscithe (de réir an GAAP áitiúil nó IFRS a úsáideadh). Ní áireofar leis sin costais bhainistíochta éileamh agus an ghluaiseacht i bhforálacha i gcostais bhainistíochta éileamh.

	MÍR	TREORACHA
C0010 go C0160/R0400	Éilimh arna dtabhú – Glan	Éilimh arna dtabhú sa tréimhse tuairiscithe mar a shainmhínítear i dTreoir 91/674/CEE, i gcás inarb infheidhme: ciallaíonn na héilimh arna dtabhú suim na n-éileamh arna n-íoc agus an t-athrú ar an soláthar d'éilimh le linn na bliana airgeadais (de réir an GAAP áitiúil nó IFRS a úsáideadh) a bhaineann le suim an ghnó dhírigh agus an ghnó athárachais arna ghlacadh laghdaithe leis an méid a géilleadh do ghnóthais athárachais. Ní áireofar leis sin costais bhainistíochta éileamh agus an ghluaiseacht i bhforálacha i gcostais bhainistíochta éileamh.
C0010 go C0160/R0550	Costais arna dtabhú	Gach costas teicniúil arna dtabhú ag an ngnóthas le linn na tréimhse tuairiscithe, ar bhonn fabhraithe.
C0010 go C0120/R0610	Costais riaracháin — Comhlán — gnó árachais dhírigh	Is é atá i gceist le costais riaracháin arna dtabhú ag an ngnóthas le linn na tréimhse tuairiscithe, ar bhonn fabhruithe, costais a bhaineann le riaracháin polasaí lena n-áirítear costais i leith conarthaí árachais agus meáin shainchuspóireacha. Baineann costais riaracháin áirithe go díreach le gníomhaíocht maidir le conradh árachais sonrach (e.g. costas cothabhála) mar shampla costas billeála préimheanna, an costas ar fhaisnéis thráthrialta a sheoladh chuig sealbhóirí polasaí agus costas ar athruithe polasaí a láimhseáil (e.g. tiontuithe agus athshuíomhanna). Baineann costais riaracháin eile go díreach le gníomhaíocht árachais ach bíonn siad ina dtoradh ar ghníomhaíochtaí lena gcumhdaítear níos mó ná aon pholasaí amháin mar shampla tuarastail na foirne atá freagrach as riaracháin polasaí. Baineann an méid leis an ngnó árachais dhírigh comhlán.
C0010 go C0120/R0620	Costais riaracháin — Comhlán — Athárachas comhréireach arna ghlacadh	Is é atá i gceist le costais riaracháin arna dtabhú ag an ngnóthas le linn na tréimhse tuairiscithe, ar bhonn fabhruithe, costais a bhaineann le riaracháin polasaí lena n-áirítear costais i leith conarthaí árachais agus meáin shainchuspóireacha. Baineann costais riaracháin áirithe go díreach le gníomhaíocht maidir le conradh árachais sonrach (e.g. costas cothabhála) mar shampla costas billeála préimheanna, an costas ar fhaisnéis thráthrialta a sheoladh chuig sealbhóirí polasaí agus costas ar athruithe polasaí a láimhseáil (e.g. tiontuithe agus athshuíomhanna). Baineann costais riaracháin eile go díreach le gníomhaíocht árachais ach bíonn siad ina dtoradh ar ghníomhaíochtaí lena gcumhdaítear níos mó ná aon pholasaí amháin mar shampla tuarastail na foirne atá freagrach as riaracháin polasaí. Baineann an méid leis an athárachas comhréireach comhlán arna ghlacadh.
C0130 go C0160/R0630	Costais riaracháin — Comhlán — Athárachas neamhréireach arna ghlacadh	Is é atá i gceist le costais riaracháin arna dtabhú ag an ngnóthas le linn na tréimhse tuairiscithe, ar bhonn fabhruithe, costais a bhaineann le riaracháin polasaí lena n-áirítear costais i leith conarthaí árachais agus meáin shainchuspóireacha. Baineann costais riaracháin áirithe go díreach le gníomhaíocht maidir le conradh árachais sonrach (e.g. costas cothabhála) mar shampla costas billeála préimheanna, an costas ar fhaisnéis thráthrialta a sheoladh chuig sealbhóirí polasaí agus costas ar athruithe polasaí a láimhseáil (e.g. tiontuithe agus athshuíomhanna). Baineann costais riaracháin eile go díreach le gníomhaíocht árachais ach bíonn siad ina dtoradh ar ghníomhaíochtaí lena gcumhdaítear níos mó ná aon pholasaí amháin mar shampla tuarastail na foirne atá freagrach as riaracháin polasaí. Baineann an méid leis an athárachas neamhréireach comhlán arna ghlacadh.

	MÍR	TREORACHA
C0010 go C0160/R0640	Costais riaracháin — sciar na n-athárachóirí	Is é atá i gceist le costais riaracháin arna dtabhú ag an ngnóthas le linn na tréimhse tuairiscithe, ar bhonn fabhruithe, costais a bhaineann le riarachán polasaí lena n-áirítear costais i leith conarthaí árachais agus meáin shainchuspóireacha. Baineann costais riaracháin áirithe go díreach le gníomhaíocht maidir le conradh árachais sonrach (e.g. costas cothabhála) mar shampla costas billeála préimheanna, an costas ar fhaisnéis thráthrialta a sheoladh chuig sealbhóirí polasaí agus costas ar athruithe polasaí a láimhseáil (e.g. tiontuithe agus athshuíomhanna). Baineann costais riaracháin eile go díreach le gníomhaíocht árachais ach bíonn siad ina dtoradh ar ghníomhaíochtaí lena gcumhdaítear níos mó ná aon pholasaí amháin mar shampla tuarastail na foirne atá freagrach as riarachán polasaí. Baineann an méid le sciar an athárachóra. Déanfar sciar na n-athárachóirí a shannadh de réir chineál costas de réir réamhshocrú; mura bhféadfar é sin a dhéanamh tuairisceofar é mar chostais éadála.
C0010 go C0160/R0700	Costais riaracháin — Glan	Is é atá i gceist le costais riaracháin arna dtabhú ag an ngnóthas le linn na tréimhse tuairiscithe, ar bhonn fabhruithe, costais a bhaineann le riarachán polasaí lena n-áirítear costais i leith conarthaí árachais agus meáin shainchuspóireacha. Baineann costais riaracháin áirithe go díreach le gníomhaíocht maidir le conradh árachais sonrach (e.g. costas cothabhála) mar shampla costas billeála préimheanna, an costas ar fhaisnéis thráthrialta a sheoladh chuig sealbhóirí polasaí agus costas ar athruithe polasaí a láimhseáil (e.g. tiontuithe agus athshuíomhanna). Baineann costais riaracháin eile go díreach le gníomhaíocht árachais ach bíonn siad ina dtoradh ar ghníomhaíochtaí lena gcumhdaítear níos mó ná aon pholasaí amháin mar shampla tuarastail na foirne atá freagrach as riarachán polasaí. Léiríonn na glanchostais riaracháin suim an ghnó árachais dhírigh agus an ghnó athárachais arna ghlacadh laghdaithe leis an méid a géilleadh do ghnóthais athárachais.
C0010 go C0120/R0710	Costais bainistíochta infheistíochta — Comhlán — gnó árachais dhírigh	Is iondúil nach sanntar costais bainistíochta infheistíochta ar bhonn polasaí ar pholasaí ach ar leibhéal punainne conarthaí árachais amháin. D'fhéadfaí a áireamh le costais bainistíochta infheistíochta costais maidir le coimeád taifead ar phunann na n-infheistíochtaí, tuarastail na foirne atá freagrach as infheistíocht, luach saothair sainchomhairleoirí seachtracha, costais a bhaineann le gníomhaíocht trádála infheistíochta (i.e. ceannach agus díol urrúis na punainne) agus i gcásanna áirithe luach saothair as seirbhísí cumhdaigh freisin. Baineann an méid leis an ngnó árachais dhírigh comhlán.
C0010 go C0120/R0720	Costais bainistíochta infheistíochta — Comhlán — athárachas comhréireach arna ghlacadh	Is iondúil nach sanntar costais bainistíochta infheistíochta ar bhonn polasaí ar pholasaí ach ar leibhéal punainne conarthaí árachais amháin. D'fhéadfaí a áireamh le costais bainistíochta infheistíochta costais maidir le coimeád taifead ar phunann na n-infheistíochtaí, tuarastail na foirne atá freagrach as infheistíocht, luach saothair sainchomhairleoirí seachtracha, costais a bhaineann le gníomhaíocht trádála infheistíochta (i.e. ceannach agus díol urrúis na punainne) agus i gcásanna áirithe luach saothair as seirbhísí cumhdaigh freisin. Baineann an méid leis an athárachas comhréireach comhlán arna ghlacadh.

	MÍR	TREORACHA
C0130 go C0160/R0730	Costais bainistíochta infheistíochta — Comhlán — athárachas neamhréireach arna ghlacadh	Is iondúil nach sanntar costais bainistíochta infheistíochta ar bhonn polasaí ar pholasaí ach ar leibhéal punainne conarthaí árachais amháin. D'fhéadfaí a áireamh le costais bainistíochta infheistíochta costais maidir le coimeád taifead ar phunann na n-infheistíochtaí, tuarastail na foirne atá freagrach as infheistíocht, luach saothair sainchomhairleoirí seachtracha, costais a bhaineann le gníomhaíocht trádála infheistíochta (i.e. ceannach agus díol urrúis na punainne) agus i gcásanna áirithe luach saothair as seirbhísí cumhdaigh freisin. Baineann an méid leis an athárachas neamhréireach comhlán arna ghlacadh.
C0220	Cineál cóid eisitheora	An cineál cóid a úsáidtear don mhír "Cód Eisitheora" a shainaithint. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — LEI 9 — Dada Níl an mhír seo infheidhme maidir le CIC 87 agus CIC 88. Níl an mhír seo infheidhme maidir le CIC 71, CIC 75 agus catagóir CIC 9 — Maoin.

	ÍTIM	TREOIR
C0230	Earnáil an Eisitheora	Sainaithin earnáil eacnamaíoch an eisitheora bunaithe ar an leagan is déanaí den Aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha san Aontas Eorpach ("NACE") (mar a fhoilsítear i Rialachán CE). Maidir le ranna NACE A go N, is gá ceithre dhigit iomlána chód NACE a thuairisciú, i.e. an litir lena sainaithnítear an Roinn agus an cód 4 dhigit don aicme ina diaidh (e.g. "K6411"). Maidir lena na ranna eile, úsáidfear an tagairt litreach den chód NACE lena sainaithnítear an Roinn mar íosmhéid chun earnálacha a shainaithint (e.g. bheadh "P" nó "P8501" inghlactha). Breithneofar na nithe seo a leanas: — Maidir le catagóir CIC 4 — Gnóthais Chomhinfheistíochta, is ionann earnáil an eisitheora agus earnáil an bhainisteora cistí; — Maidir le catagóir CIC 7 — Airgead tirim agus taiscí (cé is moite de CIC 71 agus CIC 75), is ionann earnáil an eisitheora agus earnáil an eintitis taiscí; — Maidir le catagóir CIC 8 — Morgáistí agus Iasachtaí, seachas CIC 87 agus CIC 88 bainfidh an fhaisnéis leis an iasachtaí; — Níl an mhír seo infheidhme maidir le CIC 71, CIC 75, CIC 09 agus catagóir CIC 9 — Maoin; — Níl an mhír seo infheidhme maidir le CIC 87 agus CIC 88.
C0240	Grúpa Eisitheoirí	Ainm mháthaireintiteas deiridh an eisitheora. Maidir le gnóthais chomhinfheistíochta, tuairisceofar máthaireintiteas deiridh an bhainisteora cistí (eintitis). Comhfhreagraíonn an mhír seo d'ainm an eintitis sa bhunachar sonraí LEI, nuair a bhíonn sí ar fáil. Nuair nach mbíonn fáil uirthi, comhfhreagraíonn sí don ainm dlíthiúil. Breithneofar na nithe seo a leanas: — Maidir le catagóir CIC 4 — Gnóthais Chomhinfheistíochta, tuairisceofar máthaireintiteas deiridh an bhainisteora cistí (eintitis); — Maidir le catagóir CIC 7 — Airgead tirim agus taiscí (cé is moite de CIC 71 agus CIC 75), baineann an caidreamh grúpa leis an eintiteas taiscí — Maidir le catagóir CIC 8 — Morgáistí agus Iasachtaí, seachas CIC 87 agus CIC 88 baineann an caidreamh grúpa leis an iasachtaí; — Níl an mhír seo infheidhme maidir le CIC 87 agus CIC 88; — Níl an mhír seo infheidhme maidir le CIC 71, CIC 75, CIC 09 agus catagóir CIC 9 — Maoin; — Níl an mhír seo infheidhme maidir le bannaí arna n-eisiúint acu seo a leanas: — rialtas láir, — rialtas áitiúil, — gníomhaireacht rialtais, — banc ceannais, — an grúpa/an t-eintiteas féin, — eagraíocht fhornáisiúnta (fad nach ann d'aon ghrúpa eisitheoirí).

	ÍTIM	TREOIR
C0250	Cód an Ghrúpa Eisitheoirí	An grúpa eisitheoirí a shainaithint le LEI má tá sé ar fáil. Ní dhéanfar tuairisciú ar an mír seo mura bhfuil LEI ar fáil. Breithneofar na nithe seo a leanas: — Maidir le catagóir CIC 4 — Gnóthais Chomhinfheistíochta, tuairisceofar máthaireintiteas deiridh an bhainisteora cistí (eintitis); — Maidir le catagóir CIC 7 — Airgead tirim agus taiscí (cé is moite de CIC 71 agus CIC 75), baineann an caidreamh grúpa leis an eintiteas taiscí; — Maidir le catagóir CIC 8 — Morgáistí agus Iasachtaí, seachas CIC 87 agus CIC 88 baineann an caidreamh grúpa leis an iasachtaí; — Níl an mhír seo infheidhme maidir le CIC 87 agus CIC 88; — Níl an mhír seo infheidhme maidir le CIC 71, CIC 75, CIC 09 agus catagóir CIC 9 — Maoin; — Níl an mhír seo infheidhme maidir le bannaí arna n-eisiúint acu seo a leanas: — rialtas láir — rialtas áitiúil, — gníomhaireacht rialtais, — banc ceannais, — an grúpa/an t-eintiteas féin, — eagraíocht fhornáisiúnta (fad nach ann d'aon ghrúpa eisitheoirí).
C0260	Cineál chód an ghrúpa eisitheoirí	An cód a úsáidtear don mhír "Cód an Ghrúpa Eisitheoirí" a shainaithint. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — LEI 9 — Dada
C0270	Tír is Eisitheoir	Cód ISO 3166-1 alfa-2 thír logánaithe an eisitheora. Déantar measúnú ar logánú an eisitheora de réir sheoladh an eintitis a eisíonn an tsócmhainn. Breithneofar na nithe seo a leanas: — Maidir le catagóir CIC 4 — Gnóthais Chomhinfheistíochta, is ionann tír an eisitheora agus tír an bhainisteora cistí (eintitis); — Maidir le catagóir CIC 7 — Airgead tirim agus taiscí (cé is moite de CIC 71 agus CIC 75), is ionann tír an eisitheora agus tír an eintitis taiscí; — Maidir le catagóir CIC 8 — Morgáistí agus Iasachtaí, seachas CIC 87 agus CIC 88 bainfidh an fhaisnéis leis an iasachtaí; — Níl an mhír seo infheidhme maidir le CIC 87 agus CIC 88; — Níl an mhír seo infheidhme maidir le CIC 71, CIC 75, CIC 09 agus catagóir CIC 9 — Maoin.

	ÍTIM	TREOIR
		Úsáidfear ceann de na roghanna: — Cód ISO 3166-1 alpha-2; — XA: Eisitheoirí fornáisiúnta (institiúidí poiblí a bhunaítear trí ghealltanas idir stáit náisiúnta, e.g. urrúis arna n-eisiúint ag banc forbartha iltaobhach dá dtagraítear i mír 2 d'Airteagal 117 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nó urrúis arna n-eisiúint ag eagraíocht idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 118 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, gan Institiúidí an Aontais Eorpaigh a bheith san áireamh); — An tAontas: Institiúidí an Aontais Eorpaigh (mar a shainmhínítear in Airteagal 13 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.
C0280	Airgeadra	Sainaithin cód aibítre ISO 4217 airgeadra na heisiúna. Breithneofar na nithe seo a leanas: — Níl an mhír seo infheidhme maidir le CIC 87 agus CIC 88, mar ní ga na sócmhainní sin a indibhidiúlú), CIC 75, CIC 09 agus maidir le CIC 95 — Gléasra agus trealamh (dá úsáid féin) ar an gcúis chéanna; — Maidir le Catagóir CIC 9 — Maoin, cé is moite de CIC 95 — Gléasra agus trealamh (dá úsáid féin), comhfhreagraíonn an t-airgeadra don airgeadra ina ndearnadh an infheistíocht.
C0290	CIC	Cód Aitheantais Comhlántach a úsáidtear chun sócmhainní a aicmiú, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn VI — Tábla CIC den Rialachán seo. Agus sócmhainn á haicmiú leis an tábla CIC, cuirfidh gnóthais san áireamh an riosca is ionadaíche dá nochtar an tsócmhainn.
C0292	Cur chuige chun ceanglas maidir le caipiteal sócmhainneachta a ríomh le haghaidh gnóthas comhinfheistíochta (GC)	Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 - GCanna ar cuireadh cur chuige na trédhearcachta iomláine i bhfeidhm maidir leo chun ceanglas maidir le caipiteal sócmhainneachta a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 84(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2015/35; 2 - GCanna ar cuireadh cur chuige na trédhearcachta "simplithe" i bhfeidhm maidir leo ar bhonn an leithdháilte sócmhainní foluiteacha is sprioc nó ar bhonn an leithdháilte sócmhainní is déanaí a tuairiscíodh agus a n-úsáidtear na grúpálacha sonraí lena n-aghaidh i gcomhréir le hAirteagal 84(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2015/35; 3 - GCanna ar cuireadh cur chuige na trédhearcachta "simplithe" i bhfeidhm maidir leo ar bhonn an leithdháilte sócmhainní foluiteacha is sprioc nó ar bhonn an leithdháilte sócmhainní is déanaí a tuairiscíodh agus nach n-úsáidtear aon ghrúpáil sonraí lena n-aghaidh i gcomhréir le hAirteagal 84(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2015/35; 4 - GCanna ar cuireadh "riosca gnáthscaireanna de chineál 2" i bhfeidhm maidir leo i gcomhréir le hAirteagal 168(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2015/35; 9 - Neamhbhainteach. Léireoidh roghanna trédhearcachta na míre seo an cur chuige a glacadh chun ceanglas maidir le caipiteal sócmhainneachta a ríomh. Chun tuairisciú a dhéanamh ar an bhfaisnéis maidir le cur chuige na trédhearcachta a éilítear i dteimpléad S.06.03, éilítear an fhaisnéis maidir le trédhearcacht i bhfianaise na dtairseacha a shainítear i mbarúlacha ginearálta an teimpléid sin. Níl an mhír seo infheidhme ach amháin maidir le catagóir CIC 4 – Gnóthais Chomhinfheistíochta.

	ÍTIM	TREOIR
C0293	Rialacha tarrthála inmheánaí	Sainaithin cibé acu atá nó nach bhfuil an tsócmhainn faoi réir rialacha tarrthála inmheánaí, i gcomhréir le hAirteagail 43 agus 44 de Threoir 2014/59/AE (an Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc – BRRD). Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – Úsáidfear; 2 – Ní úsáidfear; 9 – Neamhbhainteach.
C0294	Rialtais Réigiúnacha agus Údaráis Áitiúla (RGLA)	Sainaithin sócmhainní arna n-eisiúint nó arna ráthú ag Rialtais Áitiúla agus Údaráis Áitiúla (RGLA) a liostaítear agus nach liostaítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2011, maidir le sócmhainní ar féidir iad a aicmiú le CIC 13 agus 14. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – Liostaítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2011; 2 – Ní liostaítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2011; 9 – Neamhbhainteach.
C0295	Cripteashócmhainní	Sainaithin sócmhainní a bhaineann le cripteashócmhainní. Ciallaíonn "cripteashócmhainn" léiriú digiteach ar luach nó ar chearta a fhéadtar a aistriú agus a stóráil go leictreonach, ag úsáid theicneolaíocht mórleabhar dáilte nó teicneolaíochta den chineál céanna. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – Ciallaíonn "licín airgid leictreonaigh" cineál cripteashócmhainne arb é is príomhaidhm dó é a úsáid mar mhodh malartaithe agus a airbheartaíonn go gcoinneoidh sé luach cobhsaí trí thagairt a dhéanamh do luach airgeadra *fiat* ar dlíthairiscint é; 2 – Ciallaíonn "licíní sócmhainn-tagartha" cineál cripteashócmhainne a airbheartaíonn go gcoinneoidh sé luach cobhsaí trí thagairt do luach roinnt airgeadraí *fiat* ar dlíthairiscintí iad, nó do thráchtearra amháin nó roinnt tráchtearraí nó cripteashócmhainn amháin nó roinnt cripteashócmhainní, nó teaglaim de shócmhainní den sórt sin; 3 – Ciallaíonn "licín fóntais" cineál cripteashócmhainne atá beartaithe chun rochtain dhigiteach a sholáthar ar earra nó seirbhís, atá ar fáil ar DLT, agus nach nglacann ach eisitheoir an licín sin leis; 4 – Cripteashócmhainní eile 5 – Ní úsáidfear.
C0296	Cineál na maoine	Sainaithin an cineál maoine, de réir Mholadh BERS an 21 Márta 2019 lena leasaítear Moladh BERS/2016/14 maidir le bearnaí sonraí réadmhaoine a dhúnadh. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – Cónaitheach, e.g. áitribh ilteaghlach; 2 – Miondíol, e.g. óstáin, bialanna, siopalanna; 3 – Oifigí, e.g. maoin a úsáidtear mar oifigí gairmiúla nó gnó go príomha; 4 – Tionsclaíoch, e.g. maoin a úsáidtear chun críoch táirgeachta, dáilte agus lóistíochta;

	ÍTIM	TREOIR
		5 – Cineálacha eile maoine tráchtála; 9 – Neamhbhainteach. Má tá úsáid mheasctha ag maoin, measfar í mar mhaoine éagsúla (bunaithe, mar shampla, ar na hachair dhromchla a thiomnaítear do gach úsáid) nuair is féidir miondealú den sórt sin a dhéanamh; ina mhalairt de chás, is féidir an mhaoin a aicmiú de réir na húsáide is mó a bhaintear aisti. Níl an mhír seo infheidhme ach amháin maidir le catagóir CIC 9 – Maoin
C0297	Suíomh na maoine	Sainaithin suíomh na maoine, de réir Mholadh BERS an 21 Márta 2019 lena leasaítear Moladh BERS/2016/14 maidir le bearnaí sonraí réadmhaoine a dhúnadh. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – Scothshuíomh; 2 – Suíomh nach scothshuíomh é; 9 – Neamhbhainteach. Níl an mhír seo infheidhme ach amháin maidir le catagóir CIC 9 – Maoin
C0300	Infheistíocht sa bhonneagar	Sainaithin cibé acu atá nó nach bhfuil an tsócmhainn ina hinfheistíocht sa bhonneagar mar a shainmhínítear in Airteagal 1(55a) agus (55b) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Ní infheistíocht sa bhonneagar atá ann; 2 — Bonneagar neamhcháilitheach: Ráthaíocht Rialtais (Rialtas, Bainc ceannais, Rialtas réigiúnach nó údarás áitiúil); 3 — Bonneagar neamhcháilitheach: Arna thacú ag an Rialtas lena n-áirítear tionscnamh airgeadais phoiblí (Rialtas, Bainc ceannais, Rialtas réigiúnach nó údarás áitiúil); 4 — Bonneagar neamhcháilitheach: Ráthaíocht Fhornáisiúnta/Thacaithe (BCE, Banc forbartha iltaobhach, Eagraíocht idirnáisiúnta); 9 — Bonneagar neamhcháilitheach: Iasachtaí nó infheistíochtaí neamhcháilitheacha eile, nach n-aicmítear faoi na catagóirí thuas; 12 — Bonneagar cáilitheach: Ráthaíocht Rialtais (Rialtas, Bainc ceannais, Rialtas réigiúnach nó údarás áitiúil); 13 — Bonneagar cáilitheach: Arna thacú ag an Rialtas lena n-áirítear tionscnamh airgeadais phoiblí (Rialtas, Bainc ceannais, Rialtas réigiúnach nó údarás áitiúil); 14 — Bonneagar cáilitheach: Ráthaíocht Fhornáisiúnta/Thacaithe (BCE, Banc forbartha iltaobhach, Eagraíocht idirnáisiúnta); 19 — Bonneagar cáilitheach: Infheistíochtaí cáilitheacha eile sa bhonneagar, nach n-aicmítear sna catagóirí thuas; 20 — Ciste Infheistíochta Fadtéarmaí Eorpach (EFTIF a infheistíonn i sócmhainní bonneagair agus ELTIF a infheistíonn i sócmhainní eile nach sócmhainní bonneagair iad).

	ÍTIM	TREOIR
C0310	Sealúchais i ngnóthais ghaolmhara, lena n-áirítear rannpháirtíochtaí	Ní infheidhme ach amháin maidir le catagóirí CIC 3 – Cothromas agus 4 – Gnóthais Chomhinfheistíochta. Sainaithin cibé atá nó nach bhfuil cothromas agus scair eile ina rannpháirtíocht. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – Ní rannpháirtíocht atá ann; 2 – Rannpháirtíocht atá ann a gcuirtear cur chuige na trédhearcachta i bhfeidhm maidir léi i gcomhréir le hAirteagal 84 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35; 3 – Rannpháirtíocht atá ann nach gcuirtear cur chuige na trédhearcachta i bhfeidhm maidir léi i gcomhréir le hAirteagal 84 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
C0320	Measúnú creidmheasa seachtrach	Infheidhme maidir le catagóirí CIC 1 – Bannaí rialtais, 2 – Bannaí corparáide, 5 – Nótaí struchtúrtha, 6 – Urrúis chomhthaobhaithe, CIC 87 agus CIC 88, ar a laghad, i gcás ina mbeidh fáil orthu sin. Is í seo rátáil eisiúna na sócmhainne ar an dáta tagartha maidir le tuairisciú a sholáthraíonn an institiúid ainmnithe um measúnú creidmheasa seachtrach (IMCS). Fágfar an mhír folamh mura bhfuil rátáil eisiúna ar fáil.
C0330	Institiúid ainmnithe um measúnú creidmheasa seachtrach	Sainaithin an institiúid um measúnú creidmheasa seachtrach (IMCS) a thugann an rátáil sheachtrach in C0320, ach ainm an IMCS mar atá sé foilsithe ar shuíomh gréasáin ESMA a úsáid. I gcás rátálacha arna n-eisiúint ag fochuideachtaí de IMCS, tuairiscigh máthairchuideachta IMCS (déantar an tagairt do liosta ESMA de ghníomhaireachtaí rátála creidmheasa atá cláraithe nó deimhnithe i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 maidir le gníomhaireachtaí rátála creidmheasa). Infheidhme maidir le catagóirí CIC 1 – Bannaí rialtais, 2 – Bannaí corparáide, 5 – Nótaí struchtúrtha, 6 – Urrúis chomhthaobhaithe agus 8 – Morgáistí agus Iasachtaí (seachas CIC 87 agus CIC 88) ar a laghad, i gcás ina mbeidh fáil orthu sin. Tuairisceofar an mhír seo i gcás ina dtuairisceofar Rátáil sheachtrach (C0320). I gcás "Níor ainmníodh aon IMCS agus úsáidtear simpliú chun SCR a ríomh", fágfar an Rátáil sheachtrach (C0320) folamh agus úsáidfear ceann amháin de na roghanna seo a leanas faoi "Céim cáilíochta creidmheasa" (C0340): 2a; 3a nó 3b.
C0340	Céim na cáilíochta creidmheasa	Infheidhme maidir le haon sócmhainn ar gá Céim cáilíochta creidmheasa a shannadh ina leith chun SCR a ríomh. Sainaithin an chéim cáilíochta creidmheasa atá sannta don tsócmhainn, mar a shainmhínítear le hAirteagal 109a(1) de Threoir 2009/138/CE, ach an tábla mapála a leagtar síos le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1800 a chur chun feidhme. Go háirithe, léireofar sa chéim cáilíochta creidmheasa aon athchoigeartú ar an gcáilíocht chreidmheasa arna dhéanamh go hinmheánach ag na gnóthais ina n-úsáidtear an fhoirmle chaighdeánach. Níl an mhír seo infheidhme maidir le sócmhainní a mbíonn rátálacha inmheánacha in úsáid ina leith ag gnóthais a úsáideann samhail inmheánach. Gnóthais a úsáideann an tsamhail inmheánach, mura n-úsáideann na gnóthais sin rátáil inmheánach, tuairisceofar an mhír sin. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 0 – Céim cáilíochta creidmheasa 0; 1 – Céim cáilíochta creidmheasa 1;

	ÍTIM	TREOIR
		2 – Céim cáilíochta creidmheasa 2; 2a – Céim cáilíochta creidmheasa 2 i ngeall ar chur i bhfeidhm Airteagal 176a de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2015/35 maidir le bannaí agus iasachtaí gan rátáil; 3 – Céim cáilíochta creidmheasa 3; 3a – Céim cáilíochta creidmheasa 3 i ngeall ar chur i bhfeidhm an ríomha shimplithe faoi Airteagal 105a de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2015/35 3b – Céim cáilíochta creidmheasa 3 i ngeall ar chur i bhfeidhm Airteagal 176a de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2015/35 maidir le bannaí agus iasachtaí gan rátáil; 4 – Céim cáilíochta creidmheasa 4; 5 – Céim cáilíochta creidmheasa 5; 6 – Céim cáilíochta creidmheasa 6; 9 – Níl rátáil ar fáil.
C0350	Rátáil inmheánach	Infheidhme maidir le catagóirí CIC 1 – Bannaí rialtais, 2 – Bannaí corparáide, 5 – Nótaí struchtúrtha, 6 – Urrúis chomhthaobhaithe agus 8 – Morgáistí agus Iasachtaí (seachas CIC 87 agus CIC 88) ar a laghad, i gcás ina mbeidh fáil orthu sin. Rátáil inmheánach sócmhainní le haghaidh gnóthais a úsáideann rátálacha inmheánacha. Maidir le gnóthais a dhéanann coigeartú meaitseála a chur i bhfeidhm, tuairisceofar an mhír a mhéid a úsáidtear na rátálacha inmheánacha chun an raon difríochta bunúsach dá dtagraítear in Airteagal 77c (2) de Threoir 2009/138/CE a ríomh.
C0360	Marthanacht	Níl sé infheidhme ach amháin maidir le catagóirí CIC 1 – Bannaí rialtais, 2 – Bannaí corparáideacha, 4 – Gnóthais Chomhinfheistíochta (i gcás inarb infheidhme, e.g. le haghaidh gnóthas comhinfheistíochta atá infheistithe i mbannaí go príomha), 5 – Nótaí struchtúrtha agus 6 – Urrúis chomhthaobhaithe. Marthanacht na sócmhainne, sainithe mar an "mharthanacht leasaithe iarmharach" (marthanacht leasaithe arna ríomh bunaithe ar an tréimhse ama atá fágtha le haghaidh aibíocht an urrúis, arna comhaireamh ón dáta tagartha maidir le tuairisciú). I gcás sócmhainní nach bhfuil aibíocht socraithe ina leith, úsáidfear dáta na céadrogha ach cuirfear san áireamh an dóchúlacht go mbainfear feidhm as an gcéadrogha ar cheannach. Ríomhfar an mharthanacht bunaithe ar an luach eacnamaíoch.
C0370	Praghas aonaid Shócmhainneacht II	Méid in airgeadra tuairiscithe le haghaidh na sócmhainne, más ábhartha. Tuairisceofar an mhír seo má soláthraíodh "cainníocht" (C0130) sa chéad chuid den teimpléad ("Faisnéis maidir le suíomhanna arna sealbhú"). Ní thuairisceofar an mhír seo má thuairiscítear mír Céatadán aonaid de phraghas mhéid ar par Shócmhainneacht II (C0380).
C0380	Céatadán aonaid de phraghas mhéid ar par Shócmhainneacht II	Méid i gcéatadán parluacha, praghas glan gan ús fabhraithe, le haghaidh na sócmhainne, más ábhartha. Tuairisceofar an mhír seo má soláthraíodh faisnéis "méid ar par" (C0140) sa chéad chuid den teimpléad ("Faisnéis maidir le suíomhanna arna sealbhú") ach amháin maidir le CIC 71 agus catagóir CIC 9 – Maoin. Ní thuairisceofar an mhír seo má thuairiscítear mír Praghas aonaid Shócmhainneacht II (C0370).

	ÍTIM	TREOIR
C0390	Dáta aibíochta	Infheidhme maidir le catagóirí CIC 1 – Bannaí rialtais, 2 – Bannaí corparáide, 5 – Nótaí struchtúrtha, 6 – Urrúis chomhthaobhaithe agus 8 – Morgáistí agus Iasachtaí, CIC 74 agus CIC 79 amháin. Sainaithin cód ISO 8601 (bbbb–mm–ll) an dáta aibíochta. Comhfhreagraíonn sé don dáta aibíochta i gcónaí, fiú i gcás urrúis inghlaoite. Breithneofar na nithe seo a leanas: — Le haghaidh urrús buan úsáid "9999-12-31"; — Maidir le CIC 87 agus CIC 88, tá an aibíocht iarmhair ualaithe (bunaithe ar mhéid na hiasachta) le tuairisciú.

S.06.03 — Gnóthais chomhinfheistíochta — cur chuige na trédhearcachta

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach ráithiúil agus bliantúil faisnéise le haghaidh eintitis aonair.

Tá faisnéis sa teimpléad seo maidir le trédhearcacht na ngnóthas comhinfheistíochta nó infheistíochtaí a dhéantar a phacáistiú mar chistí, lena n-áirítear nuair is rannpháirtíochtaí a bhíonn iontu, de réir chatagóir na bunsócmhainne, na tíre eisiúna agus an airgeadra. Ag cur prionsabal na comhréireachta agus treoracha sonracha an teimpléid san áireamh, déanfar an trédhearcacht go dtí go ndéantar na catagóirí sócmhainne, na tíortha agus na hairgeadraí a shainaithint. I gcás cistí cistí, leanfar an cur chuige céanna i gcur chuige na trédhearcachta.

Áireofar faisnéis leis an teimpléad a chomhfhreagraíonn do 100 % den luach a infheistíodh i ngnóthais chomhinfheistíochta. Mar sin féin, le tíortha a shainaithint cuirfear cur chuige na trédhearcachta chun feidhme d'fhonn na neamhchosaintí de 90 % de luach iomlán na gcistí a shainaithint lúide na méideanna a bhaineann le CIC 8 agus CIC 9, agus le hairgeadraí a shainaithint cuirfear cur chuige na trédhearcachta i bhfeidhm d'fhonn na neamhchosaintí de 90 % de luach iomlán na gcistí a shainaithint. Áiritheoidh gnóthais go ndéanfar éagsúlú ar an 10 % nach sainaithneofar de réir tíre thar limistéir gheografacha, nach mbeidh mar shampla nach mó ná 5 % in aon tír amháin. Cuirfidh gnóthais cur chuige na trédhearcachta i bhfeidhm ag tosú ón mórairgeadra, ag cur an méid a infheistíodh san áireamh, chuig an gciste aonair is ísle agus coinneofar an cur chuige comhsheasmhach le himeacht ama.

Ní thuairisceofar faisnéis ráithiúil ach amháin i gcás inar mó ná 30 % an cóimheas idir na gnóthais chomhinfheistíochta arna sealbhú ag an ngnóthas agus na hinfheistíochtaí iomlána, arna thomhas mar an cóimheas idir mír C0010/R0180 de theimpléad S.02.01 móide gnóthais chomhinfheistíochta a áirítear i mír C0010/R0220 de theimpléad S.02.01 móide gnóthais chomhinfheistíochta a áirítear i mír C0010/R0090 agus suim mhír C0010/R0070 agus C0010/RC0220 de theimpléad S.02.01.

Déanfar míreanna a thuairisciú le luachanna deimhneacha mura luaitear a mhalairt sna treoracha faoi seach.

Is ionann na catagóirí sócmhainní dá dtagraítear sa teimpléad seo agus na cinn a shainmhínítear in Iarscríbhinn IV — Catagóirí Sócmhainní den Rialachán seo agus is tagairt d'Iarscríbhinn VI — tábla CIC den Rialachán seo iad na tagairtí do chóid CIC.

	ÍTIM	TREORACHA
C0010	Cód Aitheantais Ghnóthas Comhinfheistíochta	Cód aitheantais Sócmhainne ag úsáid na tosaíochta seo a leanas: — Cód ISO 6166 de chuid ISIN nuair a bhíonn sé ar fáil — Cóid aitheanta eile (e.g.: CUSIP, Bloomberg Ticker, Reuters RIC) — Cód atá sannta ag an ngnóthas, nuair nach mbíonn na roghanna thuasluaite ar fáil, agus ní mór dó a bheith comhsheasmhach le himeacht ama
C0020	Cineál Cóid Aitheantais Ghnóthas Comhinfheistíochta	Cineál Cóid Aitheantais a úsáidtear don mhír "Cód Aitheantais Sócmhainne". Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — ISO/6166 le haghaidh ISIN

	ÍTIM	TREORACHA
		2 – CUSIP (uimhir an Choiste um Nósanna Imeachta Uilíocha um Shainaithint Urrús sannta ag Biúró Seirbhíse CUSIP do chuideachtaí ó na Stáit Aontaithe agus ó Cheanada) 3 — SEDOL (Liosta Oifigiúil Laethúil an Stocmhalartáin le haghaidh Stocmhalartán Londain) 4 — WKN (Wertpapier Kenn-Nummer, an uimhir aitheantais alfa-uimhriúil sa Ghearmáin) 5 — Bloomberg Ticker (cód litreacha Bloomberg lena sainaithnítear urrúis cuideachta) 6 — BBGID (Aitheantas Domhanda Bloomberg) 7 — Reuters RIC (Cód ionstraime Reuters) 8 — FIGI (Aitheantóir Domhanda Ionstraime Airgeadais) 9 — Cód eile le comhaltaí Chumann na nGníomhaireachtaí Náisiúnta um Shannadh Uimhreacha 99 — Cód sannta ag an ngnóthas
C0030	An chatagóir bunsócmhainne	Na catagóirí sócmhainní, na hinfháltais agus na díorthaigh laistigh den ghnóthas comhinfheistíochta a shainaithint. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Bannaí rialtais 2 — Bannaí corparáide 3L — Cothromas a liostaítear 3X — Cothromas nach liostaítear 4 — Gnóthais Chomhinfheistíochta 5 — Nótaí struchtúrtha 6 — Urrúis chomhthaobhaithe 7 — Airgead agus taiscí 8 — Morgáistí agus iasachtaí 9 — Maoine 0 — Infheistíochtaí eile (lena n-áirítear infháltais) A — Todhchaíochtaí B-Céadroghanna ar cheannach C — Céadroghanna ar dhíol D — Babhtálacha E — Conarthaí réamhcheaptha F — Díorthaigh chreidmheasa L — Dliteanais Ní úsáidfear catagóir “4 - Gnóthais Chomhinfheistíochta” ach le haghaidh luachanna iarmharacha neamhábhartha le haghaidh “cistí cistí” agus aon chiste eile araon.

	ÍTIM	TREORACHA
C0040	An tír eisiúna	Miondealú ar gach catagóir sócmhainne a sainaithníodh in C0030 de réir na tíre eisiúna. Sainaithin tír logánaithe an eisitheora. Déantar measúnú ar logánú an eisitheora de réir sheoladh an eintitis a eisíonn an tsócmhainn. Úsáidfear ceann de na roghanna: — Cód ISO 3166-1 alpha-2 — XA: Eisitheoirí fornáisiúnta — An tAontas: Institiúidí den Aontas Eorpach — AA: tíortha comhiomlána i ngeall ar chur i bhfeidhm tairsí Níl an mhír seo infheidhme maidir le Catagóirí 7, 8 agus 9 mar a thuairiscítear in C0030.
C0050	Airgeadra	Sainaithin cibé arb é airgeadra chatagóir na sócmhainne an t-airgeadra tuairiscithe nó ar airgeadra eachtrach atá i gceist leis. Déantar tagairt do gach airgeadra eile seachas an t-airgeadra tuairiscithe mar airgeadraí eachtracha. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Airgeadra tuairiscithe 2 — Airgeadra eachtrach 3 — Airgeadraí comhiomlána i ngeall ar chur i bhfeidhm tairsí
C0060	Méid iomlán	An méid iomlán a infheistíodh de réir catagóir sócmhainne, tíre agus airgeadra trí ghnóthais chomhinfheistíochta. Tuairisceofar méid deimhneach i gcás dliteanas, mura dliteanas díorthach í an mhír. I gcás díorthach, is féidir leis an méid iomlán a bheith deimhneach (más sócmhainn é) nó diúltach (más dliteanas é).

S.06.04 - Rioscaí d'infheistíochtaí, ar rioscaí iad a bhaineann leis an athrú aeráide

Barúlacha ginearálta:

Tuairisceofar an teimpléad seo i gcás gnáth-thuairisciú fiú mura soláthraítear aon eochairtháscaire feidhmíochta. Mura dtuairiscítear aon eochairtháscaire feidhmíochta, is gá réasúnú a sholáthar in R0040/C0010 agus/nó R0050/C0010.

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh eintitis aonair.

Sa teimpléad seo tá faisnéis maidir leis an sciar d'infheistíochtaí atá neamhchosanta ar aistriú a bhaineann leis an athrú aeráide agus ar riosca fisiceach. Mar ionchur i ríomh an sciar d'infheistíochtaí atá neamhchosanta ar riosca aistrithe, éilítear ar ghnóthais cóid NACE ar leibhéal ceithre dhigit a thuairisciú le haghaidh ranna NACE A go N i Liosta sócmhainní S.06.02. I gcás riosca fisiceach, éilítear ar ghnóthais tuairisciú a dhéanamh ar bhealach caighdeánaithe ar shuíomh na réadmhaoine i Liosta sócmhainní S.06.02.

R0010/C0010	Riosca aistrithe a bhaineann leis an athrú aeráide - Eochairtháscaire feidhmíochta	Cion luach Shócmhainneacht II de chuid na n-infheistíochtaí atá neamhchosanta ar riosca aistrithe, i ndáil le luach iomlán na n-infheistíochtaí. Féadfaidh gnóthais a modheolaíocht féin a úsáid chun an t-eochairtháscaire feidhmíochta a ríomh. Sainaithint na n-infheistíochtaí atá neamhchosanta ar riosca aistrithe, beidh sí comhsheasmhach leis an aicmiú a dhéantar agus a thuairiscítear trí chóid NACE ar leibhéal ceithre dhigit le haghaidh ranna NACE A go N, mar a fhorordaítear in S.06.02.

R0020/C0010	Riosca fisiceach a bhaineann leis an athrú aeráide - Eochairtháscaire feidhmíochta	Cion luach Shócmhainneacht II de chuid na maoine atá neamhchosanta ar riosca fisiceach, i ndáil le luach iomlán na maoine. Is féidir le gnóthais a modheolaíocht féin a úsáid chun an t-eochairtháscaire feidhmíochta a ríomh. Ba cheart sainaithint na réadmhaoine atá neamhchosanta ar riosca fisiceach a bheith comhsheasmhach leis an tsainaithint a dhéantar in C0190 Teideal na Míre in S.06.02.
R0030/C0010	Réasúnú gan tuairisciú a dhéanamh ar riosca aistrithe a bhaineann leis an athrú aeráide - Eochairtháscaire feidhmíochta	Míniú ar an bhfáth nár tuairiscíodh an t-eochairtháscaire feidhmíochta maidir le riosca aistrithe a bhaineann leis an athrú aeráide (e.g. níl sé ábhartha).
R0040/C0010	Réasúnú gan tuairisciú a dhéanamh ar riosca fisiceach a bhaineann leis an athrú aeráide - Eochairtháscaire feidhmíochta	Míniú ar an bhfáth nár tuairiscíodh an t-eochairtháscaire feidhmíochta maidir le riosca fisiceach a bhaineann leis an athrú aeráide (e.g. níl sé ábhartha).

S.07.01 — Táirgí struchtúrtha

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh eintitis aonair.

Na catagóirí sócmhainní dá dtagraítear sa teimpléad seo, is iad na cinn a shainmhínítear in Iarscríbhinn IV — Catagóirí Sócmhainní den Rialachán seo agus is tagairt d'Iarscríbhinn VI — tábla CIC den Rialachán seo iad na tagairtí do chóid CIC.

Tá liosta mír ar mhír sa teimpléad seo de tháirgí struchtúrtha arna sealbhú go díreach ag an ngnóthas ina phunann (i.e. nach bhfuil bunaithe ar chur chuige na trédhearcachta). Sainmhínítear táirgí struchtúrtha mar shócmhainní a thagann i gcatagóirí sócmhainne 5 (Nótaí struchtúrtha) agus 6 (Urrúis chomhthaobhaithe).

Ní thuairisceofar an teimpléad seo ach amháin i gcás inar mó ná 5 % líon na dtáirgí struchtúrtha, arna thomhas mar an cóimheas idir sócmhainní a aicmítear mar chatagóirí sócmhainne 5 (Nótaí struchtúrtha) agus 6 (Urrúis chomhthaobhaithe) mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn IV — Catagóirí Sócmhainne an Rialacháin seo agus suim mhír C0010/R0070 agus C0010/R0220 de theimpléad S.02.01.

I gcásanna áirithe, sainaithnítear leis na cineálacha táirgí struchtúrtha (C0070) an díorthach leabaithe sa táirge struchtúrtha. Sa chás sin, úsáidfear an t-aicmiú sin nuair a bhíonn an díorthach dá dtagraítear leabaithe sa táirge struchtúrtha.

	MÍR	TREORACHA
C0040	Cód Aitheantais Sócmhainne	Cód aitheantais an táirge struchtúrtha, mar a thuairiscítear in S.06.02. agus úsáid á baint as an tosaíocht seo a leanas: — ISO 6166 de chuid ISIN nuair a bhíonn sé ar fáil — Cóid aitheanta eile (e.g.: CUSIP, Bloomberg Ticker, Reuters RIC) — Cód atá sannta ag an ngnóthas, nuair nach mbíonn na roghanna thuasluaite ar fáil. Coimeádfar an cód comhsheasmhach le himeacht ama agus ní athúsáidfear le haghaidh táirge eile é. Nuair is gá an cód aitheantais Sócmhainne céanna a thuairisciú maidir le sócmhainn amháin a eisítear in dhá airgeadra dhifriúla nó níos mó, is gá an cód aitheantais Sócmhainne agus cód aibítre ISO 4217 an airgeadra a shonrú, mar atá sa sampla seo a leanas: "cód+EUR"
C0050	Cineál Cóid Aitheantais Sócmhainne	Cineál Cóid Aitheantais a úsáidtear don mhír "Cód Aitheantais Sócmhainne". Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — ISO/6166 le haghaidh ISIN 2 – CUSIP (uimhir an Choiste um Nósanna Imeachta Uilíocha um Shainaithint Urrús sannta ag Biúró Seirbhíse CUSIP do chuideachtaí ó na Stáit Aontaithe agus ó Cheanada) 3 — SEDOL (Liosta Oifigiúil Laethúil an Stocmhalartáin le haghaidh Stocmhalartán Londain)

	MÍR	TREORACHA
		4 — WKN (Wertpapier Kenn-Nummer, an uimhir aitheantais alfa-uimhriúil sa Ghearmáin) 5 — Bloomberg Ticker (cód litreacha Bloomberg lena sainaithnítear urrúis cuideachta) 6 — BBGID (Aitheantas Domhanda Bloomberg) 7 — Reuters RIC (Cód ionstraime Reuters) 8 — FIGI (Aitheantóir Domhanda Ionstraime Airgeadais) 9 — Cód eile le comhaltaí Chumann na nGníomhaireachtaí Náisiúnta um Shannadh Uimhreacha 99 — Cód sannta ag an ngnóthas Nuair is gá an Cód Aitheantais Sócmhainne céanna a thuairisciú maidir le sócmhainn amháin a eisítear in 2 airgeadra dhifriúla nó níos mó agus sainmhínítear an cód in C0040 leis an gCód Aitheantais Sócmhainne agus cód aibítre ISO 4217 an airgeadra, tagróidh an Cineál Cóid Aitheantais Sócmhainne do rogha 99 agus do rogha an Chóid Aitheantais Sócmhainne bunaidh, mar atá sa sampla seo a leanas arbh é cód ISIN + airgeadra an cód a tuairiscíodh ina leith: “99/1”.
C0060	Cineál comhthaobhachta	Sainaithin an cineál comhthaobhachta, leis na catagóirí sócmhainní a shainmhínítear in Iarscríbhinn IV — Catagóirí Sócmhainní. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Bannaí rialtais 2 — Bannaí corparáide 3 — Cothromas 4 — Gnóthais Chomhinfheistíochta 5 — Nótaí struchtúrtha 6 — Urrúis chomhthaobhaithe 7 — Airgead agus taiscí 8 — Morgáistí agus iasachtaí 9 — Maoine 0 — Infheistíochtaí eile 10 — Gan chomhthaobhacht Nuair is ann do níos mó ná aon chatagóir comhthaobhachta amháin le haghaidh aon táirge struchtúrtha aonair amháin, tuairisceofar an ceann is ionadaíche.
C0070	Cineál táirge struchtúrtha	Sainaithin cineál struchtúir an táirge. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Nótaí creidmheas-nasctha Urrús nó taisce lena ngabhann díorthach creidmheasa leabaithe (e.g. babhtálacha mainneachtana creidmheasa nó roghanna mainneachtana creidmheasa) 2 — Babhtálacha aibíochta tairisí (urrús lena ngabhann babhtáil ráta úis (“IRS”) leabaithe), i gcás ina n-athshocraítear sciar an úis chomhdhlúthaigh go tréimhsiúil de réir ráta margaidh aibíochta seasta.)

	MÍR	TREORACHA
		3 — Urrúis shócmhainn-bhunaithe (urrús ag a bhfuil sócmhainn mar chomhthaobhacht.) 4 — Urrúis de bhun morgáistí (urrús ag a bhfuil maoin réadach mar chomhthaobhacht.) 5 — Urrúis thráchtálacha le taca morgáistí (urrús ag a bhfuil maoin réadach mar chomhthaobhacht mar shampla maoine miondíola, maoine oifige, maoine tionsclaíocha, tithíocht ilteaghlach agus óstáin.) 6 — Oibleagáidí fiachais atá comhthaobhaithe (urrús fiachais struchtúrtha le taca punainne atá comhdhéanta de bhannaí urraithe nó neamhurraithe arna n-eisiúint ag oibleagáideoirí corparáideacha nó ceannasacha, nó iasachtaí urraithe nó neamhurraithe a dhéantar le custaiméirí iasachta corparáideacha tráchtála agus tionsclaíocha de bhainc iasachtaí.) 7 — Oibleagáidí iasachta atá comhthaobhaithe (urrús ag a bhfuil mar shócmhainn fholuiteach iontaobhas punainne iasachtaí ina ndéantar na sreafaí airgid ón urrús a dhíorthú ón bpunann.) 8 — Oibleagáidí morgáiste atá comhthaobhaithe (urrús ar ghrád infheistíochta le taca linn bannaí, iasachtaí agus sócmhainní eile.) 9 — Nótaí agus taiscí atá nasctha le ráta úis 10 — Nótaí agus taiscí atá nasctha le cothromas agus le hinnéacs cothromais 11 — Nótaí agus taiscí atá nasctha le FX agus tráchtearraí 12 — Nótaí agus taiscí nasctha hibrideacha (cuimsítear leis réadmhaoin agus urrúis chothromais) 13 — Nótaí agus taiscí margadh-nasctha 14 — Nótaí agus taiscí árachas-nasctha, lena n-áirítear nótaí lena gcumhdaítear Riosca Tubaiste agus Aimsire chomh maith le Riosca Mortlaíochta 99 — Táirgí eile nach gcumhdaítear leis na roghanna roimhe seo
C0080	Cosaint chaipitil	Sainaithin cibé acu atá nó nach bhfuil cosaint chaipitil ag an táirge. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Cosaint chaipitil iomlán 2 — Cosaint chaipitil pháirteach 3 — Gan cosaint chaipitil
C0090	Urrús/innéacs/punann fholuiteach	Tabhair tuairisc ar an gcineál sócmhainne foluití. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Cothromas agus Cistí (grúpa nó bascaed roghnaithe cothromas) 2 — Airgeadra (grúpa nó bascaed roghnaithe airgeadraí) 3 — Ráta úis agus torthaí (innéacsanna banna, cuair thoraidh, difríochtaí i rátaí úis i réim ar aibíochtaí níos gearrthéarmaí agus níos fadtéarmaí, raonta difríochta creidmheasa, rátaí boilscithe, agus tagarmharcanna eile a bhaineann le rátaí úis nó le toradh)

	MÍR	TREORACHA
		4 — Tráchtearraí (earra bunúsach nó earraí bunúsacha roghnaithe) 5 — Innéacs (feidhmíocht innéacs roghnaithe) 6 — Iolrach (lena gcumasaítear teaglaim de na cineálacha féideartha a liostaítear thuas) 9 — Sócmhainní eile nach gcumhdaítear leis na roghanna roimhe seo (e.g. táscairí eacnamaíocha eile)
C0100	Inghlaoite nó indíola	Sainaithin cibé acu atá nó nach bhfuil gnéithe glaoite agus/nó díola, nó iad araon más infheidhme, ag an táirge. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Glao ag an gceannaitheoir 2 — Glao ag an díoltóir 3 — Díol ag an gceannaitheoir 4 — Díol ag an díoltóir 5 — Aon teaglaim de na roghanna roimhe 6 — Neamhbhainteach
C0110	Táirge struchtúrtha sintéiseach	Sainaithin cibé acu an táirge struchtúrtha gan aon aistriú sócmhainní é nó nach ea (e.g. táirgí nach n-eascróidh astu aon soláthar sócmhainní, cé is moite d'airgead tirim, i gcás teagmhas díobhálach/fabhrach). Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Táirge struchtúrtha gan aon aistriú sócmhainne 2 — Táirge struchtúrtha lena mbaineann aistriú sócmhainne
C0120	Táirge struchtúrtha réamhíocaíochta	Sainaithin cibé acu an táirge struchtúrtha lenar féidir réamhíocaíocht a dhéanamh é nó nach ea, a mheastar an réamhíocaíocht mar thabhairt ar ais luath neamhsceidealaithe na príomhshuime. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Táirge struchtúrtha réamhíocaíochta 2 — Ní táirge struchtúrtha réamhíocaíochta atá ann
C0130	Luach na comhthaobhachta	Méid iomlán na comhthaobhachta a bhaineann leis an táirge struchtúrtha d'ainneoin cineál na comhthaobhachta. I gcás soláthar urrúis chomhthaobhaigh ar bhonn punainne, ní gá a thuairisciú ach an luach a bhaineann leis an gconradh aonair seachas an luach iomlán.
C0140	Punann chomhthaobhachta	Léiríonn an mhír seo cibé acu a chumhdaítear aon táirge struchtúrtha amháin nó níos mó ná aon táirge struchtúrtha amháin arna shealbhú ag an ngnóthas leis an gcomhthaobhacht i ndáil leis an táirge struchtúrtha. Tagraíonn glansuíomhanna do na suíomhanna arna sealbhú maidir le táirgí struchtúrtha. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Ríomhtar an chomhthaobhacht ar bhonn glansuíomhanna a leanann as sraith conarthaí 2 — Ríomhtar an chomhthaobhacht ar bhonn conradh aonair 10 — Gan chomhthaobhacht

	MÍR	TREORACHA
C0150	Toradh bliantúil seasta	Sainaithin an cúpón (a thuairiscítear mar dheachúil), más infheidhme, le haghaidh chatagóirí CIC 5 (Nótaí struchtúrtha) agus 6 (Urrúis chomhthaobhaithe).
C0160	Toradh bliantúil athraitheach	Sainaithin an ráta toraidh comhdhlúthach, más infheidhme, le haghaidh chatagóirí CIC 5 (Nótaí struchtúrtha) agus 6 (Urrúis chomhthaobhaithe). Is coitianta a shainaithnítear é mar ráta margaidh tagarmhairc móide raon difríochta, nó mar a bheith spleách ar fheidhmíocht phunainne nó innéacs (spleách ar shócmhainn fholuiteach) nó ar thorthaí níos casta arna socrú ag conair phraghais na sócmhainne foluití (spleách ar chonair), i measc nithe eile. Nuair is gá, is féidir an mhír seo a thuairisciú mar theaghrán le léiriú a thabhairt ar an gcaoi a ríomhtar an toradh.
C0170	Caillteanas i gcás mainneachtana	An céatadán (a thuairiscítear mar dheachúlach) den mhéid infheistithe nach ngnóthófar tar éis mainneachtana, más infheidhme, le haghaidh chatagóirí CIC 5 (Nótaí struchtúrtha) agus 6 (Urrúis chomhthaobhaithe). Ní dhéanfar tuairisciú ar an mír sin mura sainmhínítear faisnéis sa chonradh. Níl an mhír seo infheidhme maidir le táirge struchtúrtha neamhchreidmheasa.
C0180	Pointe astaithe	An céatadán caillteanais a shainmhínítear sa chonradh (a thuairiscítear mar dheachúlach) arb os a chionn a dhéanann na caillteanais difear don táirge struchtúrtha, más infheidhme, le haghaidh chatagóirí CIC 5 (Nótaí struchtúrtha) agus 6 (Urrúis chomhthaobhaithe). Níl an mhír seo infheidhme maidir le táirge struchtúrtha neamhchreidmheasa.
C0190	Pointe dí-astaithe	An céatadán caillteanais a shainmhínítear sa chonradh (a thuairiscítear mar dheachúlach) arb os a chionn nach ndéanann na caillteanais difear a thuilleadh don táirge struchtúrtha, más infheidhme, le haghaidh chatagóirí CIC 5 (Nótaí struchtúrtha) agus 6 (Urrúis chomhthaobhaithe). Níl an mhír seo infheidhme maidir le táirge struchtúrtha neamhchreidmheasa.

S.08.01 — Díorthaigh oscailte

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach ráithiúil agus bliantúil faisnéise le haghaidh eintitis aonair.

Is ionann na catagóirí díorthach dá dtagraítear sa teimpléad seo agus na cinn a shainmhínítear in Iarscríbhinn IV — Catagóirí Sócmhainní den Rialachán seo agus is tagairt d'Iarscríbhinn VI — tábla CIC den Rialachán seo iad na tagairtí do chóid CIC. Tá liosta mír ar mhír sa teimpléad seo de dhíorthaigh arna sealbhú go díreach ag an ngnóthas (i.e. nach bhfuil bunaithe ar chur chuige na trédhearcachta), ar féidir iad a aicmiú mar chatagóirí sócmhainní A go F.

Cumhdaítear leis an teimpléad seo díorthaigh a thrádáiltear ar stocmhalartán nó ar mhargadh láraithe coibhéiseach, chomh maith le díorthaigh a thrádáiltear thar an gcuntar.

Nuair a thrádáiltear díorthach ar stocmhalartán nó ar mhargadh láraithe coibhéiseach, is é an stocmhalartán nó an margadh láraithe coibhéiseach sin an contrapháirtí seachas an contrapháirtí deiridh, mar is amhlaidh i gcás díorthaigh a thrádáiltear thar an gcuntar.

Meastar gur sócmhainní iad díorthaigh má tá a luach Shócmhainneacht II deimhneach nó nialasach. Meastar gur dliteanais iad má tá a luach Shócmhainneacht II diúltach. Áireofar an dá dhíorthach a mheastar gur sócmhainní nó a mheastar gur dliteanais iad araon.

Áireofar san fhaisnéis na conarthaí díorthach go léir a bhí ann le linn na tréimhse tuairiscithe agus nár dúnadh roimh an dáta tagartha maidir le tuairisciú.

Má bhíonn trádálacha ar an díorthach céanna go minic, rud lena gcruthaítear roinnt suíomhanna oscailte, is féidir an díorthach a thuairisciú ar bhonn comhiomlán nó ar glanbhonn, fad a bhfuil na saintréithe ábhartha uile i bpáirtcoiteann agus go bhfuil na treoracha sonracha maidir le gach mír ábhartha á gcomhlíonadh.

Déanfar míreanna a thuairisciú le luachanna deimhneacha mura luaitear a mhalairt sna treoracha faoi seach.

Is ionstraim airgeadais nó conradh eile é díorthach ag a bhfuil na trí shaintréith uile seo a leanas:

a) Athraíonn a luach mar fhreagairt ar an athrú ar ráta úis sonraithe, ar phraghas na hionstraime airgeadais, ar phraghas tráchtearraí, ar an ráta malairte eachtraí, ar an innéacs praghsanna nó rátaí, ar an rátáil chreidmheasa nó innéacs creidmheasa, nó ar athróg eile, ar choinníoll i gcás athróige neamhairgeadais, nach mbaineann an athróg go sonrach le páirtí sa chonradh (ar a dtugtar an "athróg fholuiteach" uaireanta).

b) Ní cheanglaítear leis aon ghlaninfheistíocht tosaigh ná glaninfheistíocht tosaigh ar lú í ná a cheanglófaí le haghaidh chineálacha eile conarthaí a mbeadh coinne leis go mbeadh freagairt den chineál céanna acu agus a bheadh ag athruithe ar thosca an mhargaidh.

c) Socraítear ar dháta sa todhchaí é.

Tá dhá thábla sa teimpléad seo: Faisnéis maidir le suíomhanna arna sealbhú agus Faisnéis maidir le díorthaigh.

Ar an tábla Faisnéis maidir le suíomhanna a arna sealbhú, déanfar tuairisciú ar leithligh maidir le gach díorthach agus úsáidtear an oiread rónna agus is gá d'fhonn gach athróg neamhairgeadaíochta a iarrtar sa tábla sin a líonadh isteach i gceart. Má tharlaíonn sé i gcás an díorthaigh chéanna gur féidir dhá luach a chur i leith athraitheach amháin, ansin ní mór an díorthach sin a thuairisciú i níos mó ná líne amháin.

Go háirithe, i gcás díorthaigh lena mbaineann níos mó na péire airgeadraí, déanfar é a dheighilt de réir chomhpháirteanna na péire agus a thuairisciú i rónna difriúla.

Ar an tábla Faisnéis maidir le díorthach, déanfar tuairisciú ar leithligh maidir le gach díorthach, agus beidh ró amháin ann le haghaidh gach díorthaigh, ag líonadh isteach na n-athróg uile arna n-iarraidh sa tábla sin.

D'fhéadfadh an fhaisnéis maidir leis an Measúnú creidmheasa seachtrach (C0290) agus Institiúidí ainmnithe um Measúnú Creidmheasa Seachtrach ("IMCS") (C0300) a bheith teoranta (neamhthuairiscithe) sna himthosca seo a leanas:

a) trí chinneadh ón údarás maoirseachta náisiúnta faoi Airteagal 35(6) agus (7) de Threoir 2009/138/CE; nó

b) trí chinneadh ón údarás maoirseachta náisiúnta sna cásanna ina bhfuil socruithe seachfhoinsithe i bhfeidhm ag na gnóthais árachais agus athárachais sa réimse infheistíochtaí a fhágann nach bhfuil an fhaisnéis shonrach sin ar fáil go díreach ag an ngnóthas.

	ÍTIM	TREORACHA
Faisnéis maidir le suíomhanna a shealbhaítear		
C0040	Cód Aitheantais Díorthaigh	Cód Aitheantais Díorthaigh ag úsáid na tosaíochta seo a leanas: — Cód ISO 6166 de chuid ISIN nuair a bhíonn sé ar fáil — Cóid aitheanta eile (e.g.: CUSIP, Bloomberg Ticker, Reuters RIC) — Cód atá sannta ag an ngnóthas, nuair nach mbíonn na roghanna thuasluaite ar fáil, agus ní mór dó a bheith comhsheasmhach le himeacht ama
C0041	Aitheantóir Uathúil Idirbheart	Sainaithin na haitheantóirí trádála a úsáidtear sna tuarascálacha trádála chuig stórtha trádála i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála. Ba cheart a thuairisciú sa mhír seo an oiread aitheantóirí trádála is gá chun an suíomh atá á thuairisciú a thógáil. Déanfar na haitheantóirí trádála a thuairisciú agus camóga eatarthu. Tuairisceofar an mhír seo le "Gan aitheantóir" i gcás nach dtagann an díorthach faoi raon feidhme Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.
C0050	Cineál Cóid Aitheantais Díorthaigh	Cineál Cóid Aitheantais a úsáidtear don mhír "Cód Aitheantais Díorthaigh". Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — ISO/6166 le haghaidh ISIN 2 – CUSIP (uimhir an Choiste um Nósanna Imeachta Uilíocha um Shainaithint Urrús sannta ag Biúró Seirbhíse CUSIP do chuideachtaí ó na Stáit Aontaithe agus ó Cheanada) 3 — SEDOL (Liosta Oifigiúil Laethúil an Stocmhalartáin le haghaidh Stocmhalartán Londain)

	ÍTIM	TREORACHA
		4 — WKN (Wertpapier Kenn-Nummer, an uimhir aitheantais alfa-uimhriúil sa Ghearmáin) 5 — Bloomberg Ticker (cód litreacha Bloomberg lena sainaithnítear urrúis cuideachta) 6 — BBGID (Aitheantas Domhanda Bloomberg) 7 — Reuters RIC (Cód ionstraime Reuters) 8 — FIGI (Aitheantóir Domhanda Ionstraime Airgeadais) 9 — Cód eile le comhaltaí Chumann na nGníomhaireachtaí Náisiúnta um Shannadh Uimhreacha 99 — Cód sannta ag an ngnóthas
C0060	Punann	Idirdhealú idir saol, neamhshaol, cistí scairshealbhóirí, ginearálta (gan deighilt) agus cistí imfhálaithe. Sannfar díorthaigh fholuiteacha d'fhorálacha teicniúla saoil don phunann saoil agus sannfar díorthaigh fholuiteacha d'fhorálacha teicniúla neamhshaoil don phunann neamhshaoil (tríd an deighilt is beaichte atá ar fáil a chur i bhfeidhm). Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Saol 2 — Neamhshaol 3 — Cistí imfhálaithe 4 — Ciste inmheánach eile 5 — Cistí scairshealbhóirí 6 — Ginearálta Níl an deighilt éigeantach, mura gceanglaíonn an t-údarás maoirseachta náisiúnta a mhalairt, ach amháin chun cistí imfhálaithe a shainaithint, ach tuairisceofar í má úsáideann an gnóthas í go hinmheánach. Úsáidfear "ginearálta" i gcás nach gcuireann gnóthas deighilt i bhfeidhm.
C0070	Uimhir chiste	Infheidhme maidir le díorthaigh arna sealbhú i gcistí imfhálaithe nó i gcistí inmheánacha eile a shainítear ar an leibhéal náisiúnta, go háirithe maidir le cistí (punanna sócmhainní) lena dtacaítear le táirgí árachas saoil. Uimhir nó cód arna sannadh nó arna shannadh ag an ngnóthas, a chomhfhreagraíonn don uimhir nó don chód uathúil a shanntar do gach chiste. Ní mór don uimhir nó don chód sin a bheith comhsheasmhach le himeacht ama agus úsáidfear é nó í chun na cistí céanna a shainaithint i dteimpléid eile (e.g. in S.06.02, S.14.01). Ní athúsáidfear le haghaidh ciste eile é nó í.
C0080	Díorthaigh arna sealbhú i gconarthaí aonadnasctha agus innéacsnasctha	Sainaithin na díorthaigh arna sealbhú i gconarthaí aonadnasctha agus innéacsnasctha. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Aonadnasctha nó innéacsnasctha 2 — Gan a bheith aonadnasctha ná innéacsnasctha

	ÍTIM	TREORACHA
C0090	An ionstraim fholuiteach a ghabhann leis an díorthach	Cód aitheantais na hionstraime foluití (sócmhainn nó dliteanas) a ghabhann leis an gconradh díorthach. Ní sholáthrófar an mhír seo ach amháin le haghaidh díorthaigh lena mbaineann aon ionstraim fholuiteach amháin nó ionstraimí foluiteacha iolracha i bpunann an ghnóthais.Meastar innéacs a bheith ina ionstraim aonair, agus tuairisceofar é. Cód aitheantais na hionstraime faoi bhun an díorthaigh ag úsáid na tosaíochta seo a leanas: — Cód ISO 6166 de chuid ISIN nuair a bhíonn sé ar fáil — Cóid aitheanta eile (e.g.: CUSIP, Bloomberg Ticker, Reuters RIC) — Cód atá sannta ag an ngnóthas le haghaidh na hionstraime foluití nuair nach mbíonn na roghanna thuasluaite ar fáil, agus ní mór dó a bheith uathúil agus comhsheasmhach le himeacht ama le haghaidh na hionstraime sin; — "Ilsócmhainní/ildliteanais" más mó ná ceann amháin atá i líon na sócmhainní nó na ndliteanas foluiteach. Más innéacs é an ionstraim fholuiteach, déanfar cód an innéacs a thuairisciú.
C0100	Cineál cóid na sócmhainne foluití nó an dliteanais fholuitigh a ghabhann leis an díorthach	Cineál an chóid aitheantais a úsáidtear le haghaidh na míre "Ionstraim fholuiteach a ghabhann leis an díorthach". Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — ISO/6166 le haghaidh ISIN 2 — CUSIP (uimhir an Choiste um Nósanna Imeachta Uilíocha um Shainaithint Urrús sannta ag Biúró Seirbhíse CUSIP do chuideachtaí ó na Stáit Aontaithe agus ó Cheanada) 3 — SEDOL (Liosta Oifigiúil Laethúil an Stocmhalartáin le haghaidh Stocmhalartán Londain) 4 — WKN (Wertpapier Kenn-Nummer, an uimhir aitheantais alfa-uimhriúil sa Ghearmáin) 5 — Bloomberg Ticker (cód litreacha Bloomberg lena sainaithnítear urrúis cuideachta) 6 — BBGID (Aitheantas Domhanda Bloomberg) 7 — Reuters RIC (Cód ionstraime Reuters) 8 — FIGI (Aitheantóir Domhanda Ionstraime Airgeadais) 9 — Cód eile le comhaltaí Chumann na nGníomhaireachtaí Náisiúnta um Shannadh Uimhreacha 99 — Cód sannta ag an ngnóthas i gcás nach bhfuil aon cheann de na roghanna thuas ar fáil. Úsáidfear an rogha seo freisin le haghaidh cásanna "Ilsócmhainní/ildliteanais" agus innéacsanna
C0110	Úsáid an díorthaigh	Tabhair tuairisc ar úsáid an díorthaigh (micreafhálú/macrafhálú, bainistíocht punainne éifeachtúil). Tagraítear le "Micreafhálú" do dhíorthaigh lena gcumhdaítear ionstraim airgeadais (sócmhainn nó dliteanas), idirbheart réamhaisnéisithe nó dliteanas eile aonair. Tagraítear le "Macrafhálú" do dhíorthaigh lena gcumhdaítear sraith ionstraimí airgeadais (sócmhainní nó dliteanais), idirbheart réamhaisnéisithe nó dliteanais eile.

	ÍTIM	TREORACHA
		Tagraíonn bainistíocht éifeachtúil punainne de ghnáth d'oibríochtaí inar mian leis an mbainisteoir feabhas a chur ar ioncam punainne trí phatrún sreafa airgid (níos ísle) a mhalartú le ceann eile lena ngabhann luach níos airde, ag úsáid díorthaigh nó sraith díorthach, gan comhdhéanamh phunann na sócmhainne a athrú, le méid infheistíochta níos ísle agus níos lú costas idirbheart. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – Micreafhálú 2 — Macrafhálú 3 – Sreafaí airgid sócmhainní agus dliteanas a úsáidtear i gcomhthéacs punann coigeartaithe meaitseála a mheaitseáil 4 – Bainistíocht éifeachtúil punainne, seachas "Sreafaí airgid sócmhainní agus dliteanas a mheaitseáil" a úsáidtear i gcomhthéacs punanna coigeartaithe a mheaitseáil
C0131	Méid barúlach an díorthaigh	An méid atá cumhdaithe nó neamhchosanta ar an díorthach, arna thuairisciú san airgeadra tosaigh. Maidir le todhchaíochtaí agus roghanna a chomhfhreagraíonn do mhéid an chonartha arna iolrú faoin spreag-luach agus líon na gconarthaí a tuairiscíodh sa líne sin. Maidir le babhtálacha agus réamhchonarthaí, comhfhreagraíonn sé do mhéid na gconarthaí ar an gconradh a tuairiscíodh sa líne sin. Nuair a bhíonn an spreag-luach ag comhfhreagairt do raon, úsáidfear meánluach an raoin. Tagraíonn an méid barúlach don mhéid atá á fhálú/infheistiú (nuair nach mbíonn rioscaí á gcumhdach). Má tharlaíonn roinnt trádálacha, beidh sé cothrom leis an glanmhéid ar an dáta maidir le tuairisciú.
C0140	Ceannaitheoir/Díoltóir	Níl sé infheidhme ach amháin maidir le todhchaíochtaí agus roghanna, babhtálacha agus conarthaí díorthach creidmheasa. Sainaithin cé acu ar ceannaíodh nó ar díoladh an conradh díorthach. Sainmhínítear suíomh an cheannaitheora agus an díoltóra le haghaidh babhtálacha i gcoibhneas le méid an urrúis nó an méid barúlach agus na sreafaí babhtála. Is le díoltóir babhtála méid an urrúis nó an méid barúlach ar thionscnamh an chonartha agus comhaontaíonn sé seachadadh a dhéanamh le linn théarma an chonartha ar mhéid an urrúis nó ar an méid barúlach sin, lena n-áirítear aon eis-sreabhadh eile a bhaineann leis an gconradh, nuair is infheidhme. Beidh ceannaitheoir babhtála ina úinéir ar mhéid an urrúis nó ar an méid barúlach ag deireadh an chonartha díorthach agus gheobhaidh sé le linn théarma an chonartha méid an urrúis nó an méid barúlach sin, lena n-áirítear aon insreabhadh eile a bhaineann leis an gconradh, nuair is infheidhme. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas, cé is moite de Bhabhtálacha Ráta Úis: 1 – Ceannaitheoir 2 – Díoltóir Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas le haghaidh na mbabhtálacha ráta úis: 3 — FX–FL: Seachaid babhtáil airgeadraí eachtracha ar bhonnbhabhtáil 4 — FX–FX: Seachaid babhtáil airgeadraí eachtracha ar bhabhtáil airgeadraí eachtracha 5 — FL–FX: Seachaid bonnbhabhtáil ar bhabhtáil airgeadraí eachtracha 6 — FL–FL: Seachaid bonnbhabhtáil ar bhonnbhabhtáil

	ÍTIM	TREORACHA
C0150	Préimh a íocadh go dtí seo	An íocaíocht a rinneadh (má ceannaíodh), ar roghanna agus íocaíocht tosaigh, agus méideanna préimheanna tréimhsiúla a íocadh ar bhabhtálacha freisin, ón bpointe a rinne an gnóthas an conradh díorthach.
C0160	Préimh a fuarthas go dtí seo	An íocaíocht a fuarthas (má díoladh), ar roghanna agus íocaíocht tosaigh, agus méideanna préimheanna tréimhsiúla a fuarthas ar bhabhtálacha freisin, ón bpointe a ndearna an gnóthas an conradh díorthach.
C0170	An líon conarthaí	An líon conarthaí díorthacha comhchosúla a tuairiscíodh sa líne. Sin é an líon conarthaí a dhéanfar. Maidir le díorthaigh thar an gcuntar, e.g. conradh babhtála amháin, tuairisceofar "1", agus más deich mbabhtáil leis na saintréithe céanna é, tuairisceofar "10". Ní gá gur slánuimhir a bheidh sa líon conarthaí, nuair is gá conarthaí a dheighilt. Is é an líon conarthaí na cinn a bheidh gan íoc ar an dáta maidir le tuairisciú.
C0180	Méid conartha	An líon sócmhainní foluiteacha sa chonradh (e.g. le haghaidh todhchaíochtaí cothromais, is é an líon cothromas atá le seachadadh in aghaidh an chonartha dhíorthaigh tráth na haibíochta, i gcás todhchaíochtaí bannaí is é an méid tagartha is bun le gach conradh). Bíonn éagsúlacht ag baint leis an gcaoi a sainítear méid an chonartha de réir an chineáil ionstraime. Maidir le todhchaíochtaí ar chothromais is gnách go sainítear méid an chonartha mar fheidhm de líon na scaireanna is bun leis an gconradh. I gcás todhchaíochtaí ar bhannaí, is éméid ainmniúil an bhanna is bun leis an gconradh. Níl sé infheidhme ach maidir le todhchaíochtaí agus roghanna amháin.
C0190	Caillteanas uasta faoi theagmhas leachtaithe	Uasmhéid an chaillteanas má tharlaíonn teagmhas leachtaithe. Infheidhme maidir le catagóir CIC F. I gcás ina mbeidh díorthach creidmheasa 100 % comhthaobhaithe, is é nialas an caillteanas uasta faoi theagmhas leachtaithe.
C0200	Méid eis-sreafa babhtálacha	Méid arna sheachadadh faoin gconradh babhtála (seachas préimheanna), le linn na tréimhse tuairiscithe. Comhfhreagraíonn don ús a íocadh ar IRS agus méideanna arna seachadadh le haghaidh babhtálacha airgeadra, babhtálacha creidmheasa, babhtálacha an toraidh iomláin agus babhtálacha eile. Sna cásanna ina ndéantar an tsocraíocht ar bhonn glan ní thuairisceofar ansin ach amháin ceann de na míreanna C0200 agus C0210.
C0210	Méid insreafa babhtálacha	Méid a fhaightear faoin gconradh babhtála (seachas préimheanna), le linn na tréimhse tuairiscithe. Comhfhreagraíonn don ús a fuarthas ar IRS agus méideanna a fuarthas le haghaidh babhtálacha airgeadra, babhtálacha creidmheasa, babhtálacha an toraidh iomláin agus babhtálacha eile. Sna cásanna ina ndéantar an tsocraíocht ar bhonn glan ní thuairisceofar ansin ach amháin ceann de na míreanna C0200 agus C0210.

	ÍTIM	TREORACHA
C0220	Dáta tosaigh	Sainaithin Cód ISO 8601 (bbbb–mm–ll) an dáta nuair a tháinig na hoibleagáidí faoin gconradh i bhfeidhm. I gcás ina dtarlaíonn dátaí éagsúla i dtaca leis an díorthach céanna, ná tuairiscigh ach an ceann a bhaineann leis an gcéad dáta trádála den díorthach agus ró amháin maidir le gach díorthach (ní bheidh rónna difriúla ann le haghaidh gach trádála) lena léireofar an méid iomlán a infheistíodh sa díorthach sin ag cur na ndátaí trádála difriúla san áireamh. I gcás nuachana, beidh an dáta nuachana ar an dáta trádála don díorthach sin.
C0230	Marthanacht	Fad díorthaigh, arna shainiú mar an fad modhnaithe iarmharach, maidir le díorthaigh dá bhfuil tomhas faid infheidhme. Ríomhtar mar an fad glan idir insreafaí agus eis-sreafaí ón díorthach é, nuair is infheidhme.
C0240	Luach Shócmhainneacht II	Luach an díorthaigh ón dáta tuairiscithe arna ríomh mar a shainmhínítear le hAirteagal 75 de Threoir 2009/138/CE. Is féidir leis a bheith deimhneach, diúltach nó nialasach.
C0250	Modh luachála	Sainaithin an modh luachála arna úsáid agus díorthaigh á luacháil. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — margadhphraghas luaite i margaí gníomhacha le haghaidh na sócmhainní nó na ndliteanas céanna 2 — margadhphraghas luaite i margaí gníomhacha le haghaidh sócmhainní nó dliteanais chomhchosúla 3 — modhanna luachála comhroghnacha 6 — luacháil margaidh de réir Airteagal 9(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35

	MÍR	TREORACHA
Faisnéis maidir le díorthaigh		
C0040	Cód Aitheantais Díorthaigh	Cód Aitheantais Díorthaigh ag úsáid na tosaíochta seo a leanas: — Cód ISO 6166 de chuid ISIN nuair a bhíonn sé ar fáil — Cóid aitheanta eile (e.g.: CUSIP, Bloomberg Ticker, Reuters RIC) — Cód atá sannta ag an ngnóthas, nuair nach mbíonn na roghanna thuasluaite ar fáil, agus ní mór dó a bheith comhsheasmhach le himeacht ama
C0050	Cineál Cóid Aitheantais Díorthaigh	Cineál Cóid Aitheantais a úsáidtear don mhír "Cód Aitheantais Díorthaigh". Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — ISO/6166 le haghaidh ISIN 2 – CUSIP (uimhir an Choiste um Nósanna Imeachta Uilíocha um Shainaithint Urrús sannta ag Biúró Seirbhíse CUSIP do chuideachtaí ó na Stáit Aontaithe agus ó Cheanada) 3 — SEDOL (Liosta Oifigiúil Laethúil an Stocmhalartáin le haghaidh Stocmhalartán Londain) 4 — WKN (Wertpapier Kenn-Nummer, an uimhir aitheantais alfa-uimhriúil sa Ghearmáin) 5 — Bloomberg Ticker (cód litreacha Bloomberg lena sainaithnítear urrúis cuideachta) 6 — BBGID (Aitheantas Domhanda Bloomberg) 7 — Reuters RIC (Cód ionstraime Reuters)

	MÍR	TREORACHA
		8 — FIGI (Aitheantóir Domhanda Ionstraime Airgeadais) 9 — Cód eile le comhaltaí Chumann na nGníomhaireachtaí Náisiúnta um Shannadh Uimhreacha 99 — Cód sannta ag an ngnóthas
C0260	Ainm an chontrapháirtí	Ainm chontrapháirtí an díorthaigh. Comhfhreagraíonn an mhír seo d'ainm an eintitis sa bhunachar sonraí LEI, nuair a bhíonn sí ar fáil. Nuair nach mbíonn fáil uirthi, comhfhreagraíonn sí don ainm dlíthiúil. Breithneofar na nithe seo a leanas: — Ainm an mhargaidh malairte le haghaidh díorthaigh arna dtrádáil ar an stocmhalartán; nó — Ainm an Chontrapháirtí Lárnaigh ("CCP") le haghaidh díorthaigh thar an gcuntar i gcás ina ndéantar iad a imréiteach trí CCP; nó — Ainm an chontrapháirtí chonarthaigh le haghaidh na ndíorthach eile thar an gcuntar.
C0270	Cód Contrapháirtí	Cód aitheantais an chontrapháirtí ag úsáid na tosaíochta seo a leanas: — LEI, nuair atá fáil air — Cód atá sannta ag an ngnóthas, nuair nach mbíonn LEI ar fáil, agus beidh sé comhsheasmhach le himeacht ama Tá an mhír seo infheidhme maidir le gach contrapháirtí, lena n-áirítear díorthaigh arna n-imréiteach trí chontrapháirtí lárnach, agus i gcás mar sin tagraíonn an cód Contrapháirtí don chontrapháirtí lárnach sin.
C0280	Cineál cóid contrapháirtí	An cód a úsáidtear don mhír "Cód Contrapháirtí" a shainaithint. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — LEI 2 — Cód sonrach
C0290	Measúnú creidmheasa seachtrach	Níl sé infheidhme ach amháin maidir le Díorthaigh thar an gcuntar. Rátáil chontrapháirtí an díorthaigh ar an dáta tagartha maidir le tuairisciú arna soláthar ag an institiúid ainmnithe um measúnú creidmheasa seachtrach (IMCS). Níl an mhír seo infheidhme maidir le díorthaigh a mbíonn rátálacha inmheánacha in úsáid ina leith ag gnóthais a úsáideann samhail inmheánach. Gnóthais a úsáideann an tsamhail inmheánach, mura n-úsáideann na gnóthais sin rátáil inmheánach, tuairisceofar an mhír sin. Fágfar an mhír folamh mura bhfuil rátáil eisitheora ar fáil.
C0300	Institiúid ainmnithe um measúnú creidmheasa seachtrach	Sainaithin an institiúid um measúnú creidmheasa seachtrach (IMCS) a thugann an rátáil sheachtrach in C0290, ach ainm an IMCS mar atá sé foilsithe ar shuíomh gréasáin IMCS a úsáid. I gcás rátálacha arna n-eisiúint ag fochuideachtaí de IMCS, tuairiscigh máthairchuideachta IMCS (déantar an tagairt do liosta ESMA de ghníomhaireachtaí rátála creidmheasa atá cláraithe nó deimhnithe i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le gníomhaireachtaí rátála creidmheasa). — Tuairisceofar an mhír sin nuair a thuairiscítear Rátáil sheachtrach (C0290).
C0310	Céim na cáilíochta creidmheasa	Sainaithin an chéim cáilíochta creidmheasa atá sannta do chontrapháirtí an díorthaigh, mar atá sainmhínithe le hAirteagal 109a(1) de Threoir 2009/138/CE. Léireofar sa chéim cáilíochta creidmheasa aon athchoigeartú ar an gcáilíocht chreidmheasa arna dhéanamh go hinmheánach ag na gnóthais ina n-úsáidtear an fhoirmle chaighdeánach.

	MÍR	TREORACHA
		Níl an mhír seo infheidhme maidir le díorthaigh a mbíonn rátálacha inmheánacha in úsáid ina leith ag gnóthais a úsáideann samhail inmheánach. Gnóthais a úsáideann an tsamhail inmheánach, mura n-úsáideann na gnóthais sin rátáil inmheánach, tuairisceofar an mhír sin. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 0 – Céim cáilíochta creidmheasa 0 1 – Céim cáilíochta creidmheasa 1 2 – Céim cáilíochta creidmheasa 2 3 — Céim cáilíochta creidmheasa 3 4 – Céim cáilíochta creidmheasa 4 5 – Céim cáilíochta creidmheasa 5 6 – Céim cáilíochta creidmheasa 6 9 — Níl rátáil ar fáil
C0320	Rátáil inmheánach	Rátáil inmheánach díorthach le haghaidh gnóthais a úsáideann rátálacha inmheánacha. Maidir le gnóthais a chuireann coigeartú meaitseála i bhfeidhm, tuairisceofar an rátáil inmheánach a mhéid a úsáidtear na rátálacha inmheánacha chun an raon difríochta bunúsach dá dtagraítear in Airteagal 77c (2) de Threoir 2009/138/CE a ríomh.
C0330	Grúpa contrapháirtí	Níl sé infheidhme ach amháin maidir le Díorthaigh thar an gcuntar, maidir le contrapháirtithe conarthacha seachas margadh malairte agus Contrapháirtí Lárnach (CCP). Ainm mháthaireintiteas deiridh an chontrapháirtí. Comhfhreagraíonn an mhír seo d'ainm an eintitis sa bhunachar sonraí LEI, nuair a bhíonn sí ar fáil. Nuair nach mbíonn fáil uirthi, comhfhreagraíonn sí don ainm dlíthiúil.
C0340	Cód an ghrúpa contrapháirtí	Níl sé infheidhme ach amháin maidir le Díorthaigh thar an gcuntar, maidir le contrapháirtithe conarthacha seachas margadh malairte agus Contrapháirtí Lárnach (CCP). Cód aitheantais an chontrapháirtí ag úsáid na tosaíochta seo a leanas: — LEI, nuair atá fáil air — Cód atá sannta ag an ngnóthas, nuair nach mbíonn LEI ar fáil, agus beidh sé comhsheasmhach le himeacht ama Ní dhéanfar tuairisciú ar an mír seo nuair nach bhfuil sé infheidhme.
C0350	Cineál cóid an ghrúpa contrapháirtí	An cód a úsáidtear don mhír "Cód an Ghrúpa contrapháirtithe" a shainaithint. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — LEI 2 — Cód sonrach
C0360	Ainm an chonartha	Ainm an chonartha dhíorthaigh.
C0370	Airgeadra	Sainaithin cód aibítreach ISO 4217 de chuid airgeadra an díorthaigh, i.e., airgeadra mhéid barúlach an díorthaigh (e.g.: rogha ag a bhfuil méid foluiteach in USD, airgeadra a sloinntear an méid barúlach ina leith ar bhonn conarthach le haghaidh bhabhtáil FX, etc.).

	MÍR	TREORACHA
C0371	Airgeadra praghsanna	Sainaithneofar cód aibítreach ISO 4217 de chuid airgeadra phraghas an díorthaigh, i.e. airgeadra an mhéid arna mhalartú in aghaidh mhéid barúlach an díorthaigh. Má tá an gnóthas ag íoc (nó ag fáil) airgeadra A don mhéid barúlach (airgeadra B) mar shampla, is é A airgeadra an phraghais. Is é B airgeadra an mhéid bharúlaigh, arna thuairisci ú in (C0370).
C0380	CIC	Cód Aitheantais Comhlántach a úsáidtear chun sócmhainní a aicmiú, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn — VI — Tábla CIC den Rialachán seo. Agus díorthaigh á n-aicmiú leis an tábla CIC, cuirfidh gnóthais san áireamh an riosca is ionadaíche dá nochtar an díorthach.
C0390	Spreag-luach	Praghas tagartha le haghaidh todhchaíochtaí, praghas ceangail le haghaidh roghanna (i gcás bannaí, beidh an praghas cothrom le céatadán den mhéid ar par), ráta malairte airgeadra nó an ráta úis le haghaidh conarthaí réamhcheaptha, etc. Níl sé infheidhme maidir le CIC D3 – Babhtálacha ráta úis agus airgeadra. Maidir le CIC F1 – Babhtálacha mainneachtana creidmheasa ní líonfar isteach é mura féidir. I gcás níos mó ná spreagadh amháin le himeacht ama, tuairiscigh an chéad spreagadh eile a tharlóidh. Nuair atá raon spreag-luachanna ag an díorthach, tuairiscigh an tacar atá deighilte ag fleiscín "," mura bhfuil an raon leanúnach agus tuairiscigh an raon atá deighilte ag "–" má tá sé leanúnach.
C0400	Leachtaigh spreagadh an chonartha	Sainaithneofar an teagmhas is cúis le leachtú an chonartha, amach as na coinníollacha éaga nó téarma rialta. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – Féimheacht an eintitis fholuitigh nó thagartha 2 — Titim dhíobhálach ar luach na sócmhainne tagartha foluití 3 — Athrú díobhálach ar rátáil chreidmheasa na sócmhainní nó an eintitis fholuitigh 4 – Nuachan, i.e. an gníomh lena n-ionadaítear oibleagáid faoin díorthach le hoibleagáid nua, nó lena n-ionadaítear páirt den díorthach le páirtí nua 5 – Teagmhais iolracha nó teaglaim teagmhas 6 – Teagmhais eile nach gcumhdaítear leis na roghanna roimhe seo 9 — Ní ann do spreagadh leachtaithe
C0430	Dáta aibíochta	Sainaithin cód ISO 8601 (bbbb-mm-ll) an dáta atá sainithe ar bhonn conartha do dhúnadh an chonartha dhíorthaigh - bíodh sé ar an dáta aibíochta, dáta éaga le haghaidh roghanna (Eorpacha nó Meiriceánacha), etc.
C0440	Babhtáil arna seachadadh	Sainaithin an méid a sheachadann an gnóthas faoin gconradh babhtála (E.g. Euribor+0,5 %; 2.3 %; EUR).
C0450	Babhtáil faighte	Sainaithin an méid a fhaigheann an gnóthas faoin gconradh babhtála (E.g. Euribor +0,5 %; 2.3 %; EUR).

S.09.01 — Faisnéis maidir le gnóthachain/ioncam agus caillteanais sa tréimhse

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh eintitis aonair.

Tá faisnéis sa teimpléad seo maidir le gnóthachain/ioncam agus caillteanais de réir na catagóire sócmhainne (lena n-áirítear díorthaigh) i.e., ní éilítear tuairisciú mír ar mhír. Na catagóirí sócmhainní a mheastar sa teimpléad seo, is iad na cinn a shainmhínítear in Iarscríbhinn IV — Catagóirí Sócmhainní.

Déanfar míreanna a thuairisciú le luachanna deimhneacha mura luaitear a mhalairt sna treoracha faoi seach.

	ÍTIM	TREORACHA
C0040	Catagóir sócmhainne	Sainaithin na catagóirí sócmhainne atá i láthair sa phunann. Úsáid na catagóirí atá sainmhínítear in Iarscríbhinn IV – Catagóirí Sócmhainní.
C0050	Punann	Idirdhealú idir saol, neamhshaol, cistí scairshealbhóirí, cistí inmheánacha eile, cistí ginearálta (gan deighilt) agus cistí imfhálaithe. Sannfar gnóthachain/ioncam agus caillteanais maidir le sócmhainní is bun le forálacha teicniúla saoil don phunann saoil agus sannfar gnóthachain/ioncam agus caillteanais maidir le sócmhainní is bun le forálacha teicniúla neamhshaoil don phunann neamhshaoil (tríd an deighilt is beaichte atá ar fáil a chur i bhfeidhm). Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Saol 2 — Neamhshaol 3 — Cistí imfhálaithe 4 — Cistí inmheánacha eile 5 — Cistí scairshealbhóirí 6 — Ginearálta Níl an deighilt éigeantach, mura gceanglaíonn an t-údarás maoirseachta náisiúnta a mhalairt, ach amháin chun cistí imfhálaithe a shainaithint, ach tuairisceofar í má úsáideann an gnóthas í go hinmheánach. Úsáidfear “ginearálta” i gcás nach gcuireann gnóthas deighilt i bhfeidhm.
C0060	Sócmhainn arna sealbhú i gconarthaí aonadnasctha agus innéacsnasctha	Sainaithin na sócmhainní arna sealbhú i gconarthaí aonadnasctha agus innéacsnasctha. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Aonadnasctha nó innéacsnasctha 2 — Gan a bheith aonadnasctha ná innéacsnasctha
C0070	Díbhinní	An méid díbhinní tuillte thar an tréimhse tuairiscithe, i.e. díbhinní arna bhfáil lúide an ceart chun díbhinn atá aitheanta cheana ag tús na tréimhse tuairiscithe a fháil, móide an ceart chun díbhinn atá aitheanta ag deireadh na tréimhse tuairiscithe a fháil. Infheidhme maidir le sócmhainní ar a n-íoctar díbhinn mar shampla cothromas, urrúis tosaíochta agus gnóthais chomhinfheistíochta. Áirítear leis freisin díbhinní arna bhfáil ó shócmhainní atá díreach díolta nó aibithe.
C0080	Ús	An méid úis tuillte, i.e. an t-ús a fuarthas lúide ús fabhraithe ag tús na tréimhse móide ús fabhraithe ag deireadh na tréimhse tuairiscithe. Áirítear leis ús arna fháil nuair a díoladh an tsócmhainn nó nuair a chuaigh sí in aibíocht nó nuair a fuarthas an cúpón. Infheidhme maidir le cúpón agus sócmhainní ar a n-íoctar ús mar shampla bannaí, iasachtaí agus taiscí.

	ÍTIM	TREORACHA
C0090	Cíos	An méid cíosa tuillte i.e. an cíos a fuarthas lúide cíos fabhraithe ag tús na tréimhse móide cíos fabhraithe ag deireadh na tréimhse tuairiscithe. Áirítear leis freisin cíosanna a fuarthas nuair a díoladh an tsócmhainn nó nuair a chuaigh sí in aibíocht. Níl sé infheidhme ach amháin maidir le réadmhaoinE, gan beann ar an bhfeidhm.
C0100	Glanghnóthachain agus caillteanais	Glanghnóthachain agus caillteanais a leanann as sócmhainní a dhíoltar nó a théann in aibíocht le linn na tréimhse tuairiscithe. Ríomhtar na gnóthachain agus na caillteanais mar an difríocht idir luach díolacháin nó aibíochta agus an luach de réir Airteagal 75 de Threoir 2009/138/CE ag deireadh na bliana tuairiscithe roimhe sin (nó, i gcás sócmhainní arna bhfáil le linn na tréimhse tuairiscithe, an luach éadála). Is féidir leis an nglanluach a bheith deimhneach, diúltach nó nialasach. Déanfar an ríomh sin gan ús fabhraithe.
C0110	Gnóthachain agus caillteanais neamhréadaithe	Gnóthachain agus caillteanais neamhréadaithe a leanann as sócmhainní nach ndíoltar nó nach dtéann in aibíocht le linn na tréimhse tuairiscithe. Ríomhtar na gnóthachain agus na caillteanais neamhréadaithe mar an difríocht idir an luach de réir Airteagal 75 de Threoir 2009/138/CE ag deireadh dheireadh na bliana tuairiscithe agus an luach de réir Airteagal 75 de Threoir 2009/138/CE ag deireadh na bliana tuairiscithe roimhe sin (nó, i gcás sócmhainní arna bhfáil le linn na tréimhse tuairiscithe, an luach éadála). Is féidir leis an nglanluach a bheith deimhneach, diúltach nó nialasach. Déanfar an ríomh sin gan ús fabhraithe.

S.10.01 — Iasacht urrús agus idirbhearta athcheannaigh

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh eintitis aonair.

Tá liosta mír ar mhír sa teimpléad seo d'idirbhearta iasachta urrús agus conarthaí comhaontuithe athcheannaigh (ceannaitheoir agus díoltóir), arna sealbhú ag an ngnóthas go díreach (i.e. ní ar bhonn chur chuige na trédhearcachta), ina gcuimsítear freisin na babhtálacha leachtachta dá dtagraítear in Airteagal 309(2)(f) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.

Ní thuairisceofar é ach amháin nuair a léirítear le luach na n-urrús foluiteach, laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe, a bhfuil baint acu le comhaontuithe iasachta nó athcheannaigh, ag a bhfuil dáta aibíochta a thagann tar éis an dáta tagartha tuairiscithe, níos mó ná 5 % de na hinfheistíochtaí iomlána mar a thuairiscítear in C0010/R0070 agus C0010/R0220 de theimpléad S.02.01.

Tuairisceofar na conarthaí uile atá laistigh den chlár comhardaithe agus lasmuigh den chlár comhardaithe. Áireofar ar an bhfaisnéis na conarthaí uile sa tréimhse tuairiscithe gan beann ar cé acu a bhí siad oscailte nó iata ar an dáta maidir le tuairisciú. I gcás conarthaí ar cuid de straitéis tar-rollta iad, i gcás inarb é an t-idirbheart céanna atá i gceist leo go substaintiúil, ní thuairisceofar ach suíomhanna oscailte sa chás sin.

Sainmhínítear comhaontú athcheannaigh mar dhíol urrús in éineacht le comhaontú don díoltóir na hurrúis a cheannach ar ais ar dháta níos déanaí. Sainmhínítear iasacht urrús mar iasachtú urrús ag páirtí amháin chuig páirtí eile, rud lena n-éilítear go soláthraíonn an t-iasachtaí comhthaobhacht don iasachtóir.

Déanfar míreanna a thuairisciú le luachanna deimhneacha mura luaitear a mhalairt sna treoracha faoi seach.

Na catagóirí sócmhainní dá dtagraítear sa teimpléad seo, is iad na cinn a shainmhínítear in Iarscríbhinn IV — Catagóirí Sócmhainní den Rialachán seo agus is tagairt d'Iarscríbhinn VI — tábla CIC den Rialachán seo iad na tagairtí do chóid CIC.

Tuairisceofar gach comhaontú athcheannaigh agus gach conradh um iasacht urrús in oiread rónna agus is gá chun an fhaisnéis arna hiarraidh a sholáthar. Más amhlaidh i gcás mír amháin go n-oireann rogha amháin cuid den ionstraim atá á tuairisciú agus go n-oireann rogha eile an chuid eile, ansin is gá an conradh a dhíchuachadh mura luaitear a mhalairt sna treoracha.

	MÍR	TREORACHA
C0040	Punann	Idirdhealú idir saol, neamhshaol, cistí scairshealbhóirí, ginearálta (gan deighilt) agus cistí imfhálaithe. Sannfar sócmhainní foluiteacha d'fhorálacha teicniúla saoil don phunann saoil agus sannfar sócmhainní foluiteacha d'fhorálacha teicniúla neamhshaoil don phunann neamhshaoil (tríd an deighilt is beaichte atá ar fáil a chur i bhfeidhm). Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Saol 2 — Neamhshaol 3 — Cistí imfhálaithe 4 — Ciste inmheánach eile 5 — Cistí scairshealbhóirí 6 — Ginearálta Níl an deighilt éigeantach, mura gceanglaíonn an t-údarás maoirseachta náisiúnta a mhalairt, ach amháin chun cistí imfhálaithe a shainaithint, ach tuairisceofar í má úsáideann an gnóthas í go hinmheánach. Úsáidfear "ginearálta" i gcás nach gcuireann gnóthas deighilt i bhfeidhm. I gcás sócmhainní arna sealbhú lasmuigh den chlár comhardaithe ní dhéanfar tuairisciú ar an mír seo.
C0050	Uimhir chiste	Infheidhme maidir le sócmhainní arna sealbhú i gcistí imfhálaithe nó i gcistí inmheánacha eile, a shainítear de réir na margaí náisiúnta, go háirithe maidir le cistí (punanna sócmhainní) lena dtacaítear le táirgí árachas saoil. Uimhir nó cód arna sannadh nó arna shannadh ag an ngnóthas, a chomhfhreagraíonn don uimhir nó don chód uathúil a shanntar do gach chiste. Ní mór don uimhir nó don chód sin a bheith comhsheasmhach le himeacht ama agus úsáidfear é nó í chun na cistí céanna a shainaithint i dteimpléid eile (e.g. in S.06.02, S.14.01). Ní athúsáidfear le haghaidh ciste eile é nó í. Níl an uimhir chiste éigeantach, mura gceanglaíonn an t-údarás maoirseachta náisiúnta a mhalairt.
C0060	Catagóir sócmhainne	Sainaithin catagóir sócmhainní na sócmhainne foluití a tugadh ar iasacht/soláthraíodh mar chuid d'idirbhearta iasachta urrús nó comhaontuithe athcheannaigh. Úsáid na catagóirí a shainmhínítear in Iarscríbhinn IV – Catagóirí Sócmhainní den Rialachán seo.
C0070	Ainm an chontrapháirtí	Ainm chontrapháirtí an chonartha. Comhfhreagraíonn an mhír seo d'ainm an eintitis sa bhunachar sonraí LEI, nuair a bhíonn sí ar fáil. Nuair nach mbíonn fáil uirthi, comhfhreagraíonn sí don ainm dlíthiúil.
C0080	Cód contrapháirtí	Cód aitheantais an chontrapháirtí ag úsáid an Aitheantóra Eintitis Dhlítheanaigh (LEI), má tá sé ar fáil. Ní dhéanfar tuairisciú ar an mír seo mura bhfuil LEI ar fáil.
C0090	Cineál cóid contrapháirtí	An cód a úsáidtear don mhír "Cód Contrapháirtí" a shainaithint. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — LEI 9 — Dada

	MÍR	TREORACHA
C0100	Catagóir sócmhainne an chontrapháirtí	Sainaithin an chatagóir sócmhainne is suntasaí a tugadh ar iasacht/a fuarthas mar chuid d'idirbhearta iasachta urrús nó comhaontuithe athcheannaigh. Úsáid na catagóirí sócmhainní a shainmhínítear in Iarscríbhinn IV – Catagóirí Sócmhainní den Rialachán seo.
C0110	Sócmhainn arna sealbhú i gconarthaí aonadnasctha agus innéacsnasctha	Sainaithin cibé acu atá nó nach bhfuil an tsócmhainn fholuiteach arna sainaithint in C0060 arna sealbhú le conarthaí aonadnasctha agus innéacsnasctha. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Aonadnasctha nó innéacsnasctha 2 — Gan a bheith aonadnasctha ná innéacsnasctha
C0120	Suíomh sa chonradh	Sainaithin cé acu ar ceannaitheoir nó díoltóir é an gnóthas sa chomhaontú athcheannaigh nó cé acu ar iasachtóir nó iasachtaí san iasacht urrús é. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – Ceannaitheoir i gcomhaontú athcheannaigh 2 – Díoltóir i gcomhaontú athcheannaigh 3 – Iasachtóir in iasacht urrús 4 – Iasachtaí in iasacht urrús
C0130	Méid túsmhalairte	Léiríonn na méideanna seo a leanas: — Ceannaitheoir i gcomhaontú athcheannaigh: an méid a fuarthas tráth tionscanta an chonartha — Díoltóir i gcomhaontú athcheannaigh: an méid a géilleadh tráth tionscanta an chonartha — Iasachtóir in iasacht urrús: an méid a fuarthas mar ráthaíocht tráth tionscanta an chonartha — Iasachtaí in iasacht urrús: méid nó margadhluach na n-urrús a fuarthas tráth tionscanta an chonartha
C0140	Méid malairte deiridh	Níl an mhír seo infheidhme ach amháin maidir le comhaontuithe athcheannaigh agus léirítear na méideanna seo a leanas léi: — Ceannaitheoir i gcomhaontú athcheannaigh: an méid a géilleadh tráth aibíochta an chonartha — Díoltóir i gcomhaontú athcheannaigh: an méid a fuarthas tráth aibíochta an chonartha
C0150	Dáta tosaigh	Sainaithin cód ISO 8601 (bbbb–mm–ll) dháta tosaigh an chonartha. Tagraíonn dáta tosaigh an chonartha don dáta nuair a thagann oibleagáidí faoin gconradh i bhfeidhm.
C0160	Dáta aibíochta	Sainaithin cód ISO 8601 (bbbb–mm–ll) dháta deiridh an chonartha. Fiú má tá an conradh ar bhonn glao oscailte, bíonn dáta ann de ghnáth ina dtéann an conradh in éag. Sna cásanna sin ní mór an dáta sin a thuairisciú mura ndéantar aon ghlao roimhe sin. Meastar go bhfuil comhaontú dúnta nuair a théann sé in aibíocht, nuair a dhéantar glao nó nuair a chuirtear an comhaontú ar ceal. I gcás conarthaí nach ngabhann dáta aibíochta sainithe leo tuairiscigh "9999–12–31".
C0170	Luach Shócmhainneacht II	Níl an mhír seo infheidhme ach amháin maidir le conarthaí atá ar oscailte go fóill ar an dáta maidir le tuairisciú. Luach an chomhaontaithe athcheannaigh nó an chonartha iasachta urrús, ag leanúint rialacha Airteagal 75 de Threoir 2009/138/CE maidir le luacháil conarthaí. Is féidir leis an luach sin a bheith deimhneach, diúltach nó nialasach.

S.11.01 — Sócmhainní arna sealbhú mar chomhthaobhacht

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh eintitis aonair.

Tuairisceofar an teimpléad seo go bliantúil nuair is mó ná 10 % an cóimheas de luach na sócmhainní arna sealbhú mar chomhthaobhacht leis an gclár comhardaithe iomlán, agus sa chás sin amháin.

Maidir leis an linn sócmhainní lena gcuirtear an infheistíocht faoi urrús (e.g. an linn sócmhainní ar comhthaobhacht iad le haghaidh bannaí faoi gchumhdach), ní thuairisceofar sa teimpléad seo iad. Tuairisceofar an chomhthaobhacht lena gcumhdaítear suimeanna infhaighte athárachais i dteimpléad S.11.01.

Tá liosta mír ar mhír sa teimpléad seo de shócmhainní atá lasmuigh den chlár comhardaithe arna sealbhú mar chomhthaobhacht chun sócmhainní ar an gclár comhardaithe arna sealbhú ag an ngnóthas go díreach (i.e. ní ar bhonn chur chuige na trédhearcachta) a chumhdach i ndeireadh na tréimhse tuairiscithe. Meastar go bhfuil comhthaobhachtaí "arna sealbhú" nuair atá "ceart rochtana dírí chuig an gcomhthaobhacht" ag an ngnóthas, ionas go mbeidh an chomhthaobhacht geallta don eintiteas agus go mbeidh sí inaitheanta go haonarach.

Cuimsítear léi faisnéis mhionsonraithe ó pheirspictíocht na sócmhainní arna sealbhú mar chomhthaobhacht agus ní ó pheirspictíocht an chomhaontaithe comhthaobhachta.

Má tá linn comhthaobhachtaí nó socrú comhthaobhachta ann ina gcuimsítear sócmhainní iolracha, tuairisceofar an oiread rónna leis na sócmhainní sa linn nó sa socrú.

Tá dhá thábla sa teimpléad seo: Faisnéis maidir le suíomhanna a shealbhaítear agus Faisnéis maidir le sócmhainní.

Ar an tábla Faisnéis maidir le suíomhanna arna sealbhú, déanfar tuairisciú ar leithligh maidir le gach sócmhainn arna sealbhú mar chomhthaobhacht agus úsáidtear an oiread rónna agus is gá d'fhonn gach athróg a iarrtar sa tábla sin a líonadh isteach i gceart. Má tharlaíonn sé i gcás na sócmhainne céanna gur féidir dhá luach a chur i leith athraitheach amháin, ansin caithfear an tsócmhainn sin a thuairisciú i níos mó ná líne amháin. Tuairisceofar réadmhaoin arna sealbhú mar chomhthaobhacht de na morgáistí a bhaineann le daoine aonair in aon líne aonair amháin.

Ar an tábla Faisnéis maidir le sócmhainní, déanfar tuairisciú ar leithligh maidir le gach sócmhainn arna sealbhú mar chomhthaobhacht, agus beidh ró amháin ann le haghaidh gach sócmhainne, ag líonadh isteach na n-athróg uile arna n-iarraidh sa tábla sin.

Gach mír seachas na míreanna "Cineál sócmhainne dá sealbhaítear an chomhthaobhacht" (C0140), "Ainm an chontrapháirtí a gheallann an chomhthaobhacht" (C0060) agus "Ainm ghrúpa an chontrapháirtí a gheallann an chomhthaobhacht" (C0070), baineann siad le faisnéis maidir leis na sócmhainní arna sealbhú mar chomhthaobhacht. Baineann mír C0140 leis an tsócmhainn ar an gclár comhardaithe dá sealbhaítear an chomhthaobhacht agus baineann míreanna C0060 agus C0070 leis an gcontrapháirtí a gheallann an chomhthaobhacht.

Na catagóirí sócmhainní dá dtagraítear sa teimpléad seo, is iad na cinn a shainmhínítear in Iarscríbhinn IV — Catagóirí Sócmhainní den Rialachán seo agus is tagairt d'Iarscríbhinn VI — tábla CIC den Rialachán seo iad na tagairtí do chóid CIC.

Áirítear le teimpléad S.11.01 na sócmhainní lasmuigh den chlár comhardaithe arna sealbhú mar chomhthaobhacht lena gcumhdaítear sócmhainní ar an gclár comhardaithe arna sealbhú go díreach ag an ngnóthas agus tuairisceofar na méideanna sin freisin in S.03.01 in C0020/R0100 go R0130.

	MÍR	TREORACHA
Faisnéis maidir le suíomhanna a shealbhaítear		
C0040	Cód Aitheantais Sócmhainne	Cód aitheantais Sócmhainne ag úsáid na tosaíochta seo a leanas: — Cód ISO 6166 de chuid ISIN nuair a bhíonn sé ar fáil — Cóid aitheanta eile (e.g.: CUSIP, Bloomberg Ticker, Reuters RIC) — Cód atá sannta ag an ngnóthas, nuair nach mbíonn na roghanna thuasluaite ar fáil, agus ní mór dó a bheith comhsheasmhach le himeacht ama Nuair is gá an cód aitheantais Sócmhainne céanna a thuairisciú maidir le sócmhainn amháin a eisítear in dhá airgeadra dhifriúla nó níos mó, is gá an cód aitheantais Sócmhainne agus cód aibítre ISO 4217 an airgeadra a shonrú, mar atá sa sampla seo a leanas: "cód+EUR"

	MÍR	TREORACHA
C0050	Cineál Cóid Aitheantais Sócmhainne	Cineál Cóid Aitheantais a úsáidtear don mhír "Cód Aitheantais Sócmhainne". Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — ISO/6166 le haghaidh ISIN 2 – CUSIP (uimhir an Choiste um Nósanna Imeachta Uilíocha um Shainaithint Urrús sannta ag Biúró Seirbhíse CUSIP do chuideachtaí ó na Stáit Aontaithe agus ó Cheanada) 3 — SEDOL (Liosta Oifigiúil Laethúil an Stocmhalartáin le haghaidh Stocmhalartán Londain) 4 — WKN (Wertpapier Kenn-Nummer, an uimhir aitheantais alfa-uimhriúil sa Ghearmáin) 5 — Bloomberg Ticker (cód litreacha Bloomberg lena sainaithnítear urrúis cuideachta) 6 — BBGID (Aitheantas Domhanda Bloomberg) 7 — Reuters RIC (Cód ionstraime Reuters) 8 — FIGI (Aitheantóir Domhanda Ionstraime Airgeadais) 9 — Cód eile le comhaltaí Chumann na nGníomhaireachtaí Náisiúnta um Shannadh Uimhreacha 99 — Cód sannta ag an ngnóthas Nuair is gá an Cód Aitheantais Sócmhainne céanna a thuairisciú maidir le sócmhainn amháin a eisítear in 2 airgeadra dhifriúla nó níos mó agus sainmhínítear an cód in C0040 leis an gCód Aitheantais Sócmhainne agus cód aibítre ISO 4217 an airgeadra, tagróidh an Cineál Cóid Aitheantais Sócmhainne do rogha 99 agus do rogha an Chóid Aitheantais Sócmhainne bunaidh, mar atá sa sampla seo a leanas arbh é cód ISIN + airgeadra an cód a tuairiscíodh ina leith: "99/1".
C0060	Ainm an chontrapháirtí a gheallann an chomhthaobhacht	Ainm an chontrapháirtí atá ag gealladh na comhthaobhachta. Comhfhreagraíonn an mhír seo d'ainm an eintitis sa bhunachar sonraí LEI, nuair a bhíonn sí ar fáil. Nuair nach mbíonn fáil uirthi, comhfhreagraíonn sí don ainm dlíthiúil. Nuair is iasachtaí ar pholasaithe na sócmhainní ar an gclár comhardaithe dá bhfuil an chomhthaobhacht arna sealbhú, tuairisceofar "Sealbhóir polasaí".
C0070	Ainm ghrúpa an chontrapháirtí a gheallann an chomhthaobhacht	Sainaithin grúpa eacnamaíoch an chontrapháirtí a gheallann an chomhthaobhacht. Comhfhreagraíonn an mhír seo d'ainm an eintitis sa bhunachar sonraí LEI, nuair a bhíonn sí ar fáil. Nuair nach mbíonn fáil uirthi, comhfhreagraíonn sí don ainm dlíthiúil. Níl an mhír seo infheidhme nuair is iasachtaí ar pholasaithe iad na sócmhainní ar an gclár comhardaithe dá bhfuil an chomhthaobhacht á sealbhú.
C0080	Tír chumhdaigh	Cód ISO 3166-1 alfa-2 na tíre ina bhfuil sócmhainní an ghnóthais á gcumhdach. Maidir leis na hinstitiúidí taisclainne idirnáisiúnta a shainaithint, mar shampla Euroclear, is í an tír chumhdaigh an tír inar sainíodh an tseirbhís chumhdaigh ar bhonn conartha. I gcás ina gcumhdaítear an tsócmhainn chéanna i níos mó ná tír amháin, déanfar tuairisciú ar leithligh ar gach sócmhainn agus úsáidfear an oiread rónna agus is gá ionas go mbeifear in ann gach tír chumhdaigh a shainaithint i gceart. Níl an mhír seo infheidhme maidir le comhthaobhacht le catagóir CIC 8 — Morgáistí agus Iasachtaí, CIC 71, CIC 75 ná maidir le CIC 95 – Gléasra agus trealamh. Maidir le Catagóir CIC 9, cé is moite de CIC 95 — Gléasra agus trealamh (dá úsáid féin), déantar measúnú ar an tír eisitheora de réir sheoladh na maoine.

	MÍR	TREORACHA
C0090	Cainníocht	An líon sócmhainní, maidir le gach sócmhainn más ábhartha. Ní dhéanfar tuairisciú ar an mír sin má thuairiscítear mír Mhéid ar par (C0100).
C0100	Méid ar par	An tsuim gan íoc arna tomhas ag an méid ar par, i gcás na sócmhainní uile ina bhfuil an mhír sin ábhartha, agus ag a méid ainmniúil i gcás CIC = 72, 73, 74, 75, 79 agus 8. Níl an mhír seo infheidhme maidir le catagóir CIC 71 agus 9. Ní dhéanfar tuairisciú ar an mír sin má thuairiscítear an mhír Cainníocht (C0090).
C0110	Modh luachála	Sainaithin an modh luachála agus sócmhainní á luacháil. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — margadhphraghas luaite i margaí gníomhacha le haghaidh na sócmhainní céanna 2 — margadhphraghas luaite i margaí gníomhacha le haghaidh sócmhainní comhchosúla 3 — modhanna luachála comhroghnacha: 4 — modhanna coigeartaithe an chothromais (infheidhme maidir le luacháil rannpháirtíochtaí) 5 — modhanna cothromais IFRS (infheidhme maidir le luacháil rannpháirtíochtaí) 6 — Luacháil margaidh de réir Airteagal 9(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35
C0120	Méid iomlán	Luach a ríomhtar mar a shainítear le hAirteagal 75 de Threoir 2009/138/CE, a chomhfhreagraíonn do na nithe seo a leanas: — "Méid ar par" (an phríomhshuim gan íoc arna tomhas de réir mhéid ar par nó méid ainmniúil) a iolrú faoi "Céatadán aonaid de phraghas mhéid ar par Shócmhainneacht II" móide "Ús fabhraithe", i gcás sócmhainní inarb ábhartha an chéad dá mhír; — "Cainníocht" a iolrú faoi "Praghas aonaid Shócmhainneacht II", i gcás sócmhainní inarb ábhartha an dá mhír sin; — Luach Shócmhainneacht II na sócmhainne i gcás sócmhainní ar féidir iad a aicmiú faoi gchatagóirí 71 agus 9.
C0130	Ús fabhraithe	An méid úis fhabhraithe tar éis an dáta deiridh cúpóin d'urrúis úsmhara a chainníochtú. Tugtar faoi deara go bhfuil an luach seo ina chuid den mhír "Méid iomlán" freisin.
C0140	Luach sócmhainne dá sealbhaítear an chomhthaobhacht	Sainaithin an cineál sócmhainne dá sealbhaítear an chomhthaobhacht. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Bannaí rialtais 2 — Bannaí corparáide 3 — Cothromais 4 — Gnóthais Chomhinfheistíochta 5 — Nótaí struchtúrtha 6 — Urrúis chomhthaobhaithe 7 — Airgead agus taiscí 8 — Morgáistí agus iasachtaí 9 — Maoine

	MÍR	TREORACHA
		0 — Infheistíochtaí eile (lena n-áirítear infháltais) X – Díorthaigh E.g. rogha "0 – Infheistíochtaí eile" a roghnófar le haghaidh na comhthaobhachta lena gcumhdaítear suimeanna infhaighte athárachais

	MÍR	TREORACHA

Faisnéis maidir le sócmhainní

C0040	Cód Aitheantais Sócmhainne	Cód aitheantais Sócmhainne ag úsáid na tosaíochta seo a leanas: — Cód ISO 6166 de chuid ISIN nuair a bhíonn sé ar fáil — Cóid aitheanta eile (e.g.: CUSIP, Bloomberg Ticker, Reuters RIC) — Cód atá sannta ag an ngnóthas, nuair nach mbíonn na roghanna thuasluaite ar fáil, agus ní mór dó a bheith comhsheasmhach le himeacht ama Nuair is gá an cód aitheantais Sócmhainne céanna a thuairisciú maidir le sócmhainn amháin a eisítear in dhá airgeadra dhifriúla nó níos mó, is gá an cód aitheantais Sócmhainne agus cód aibítre ISO 4217 an airgeadra a shonrú, mar atá sa sampla seo a leanas: "cód+EUR"
C0050	Cineál Cóid Aitheantais Sócmhainne	Cineál Cóid Aitheantais a úsáidtear don mhír "Cód Aitheantais Sócmhainne". Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — ISO/6166 le haghaidh ISIN 2 – CUSIP (uimhir an Choiste um Nósanna Imeachta Uilíocha um Shainaithint Urrús sannta ag Biúró Seirbhíse CUSIP do chuideachtaí ó na Stáit Aontaithe agus ó Cheanada) 3 — SEDOL (Liosta Oifigiúil Laethúil an Stocmhalartáin le haghaidh Stocmhalartán Londain) 4 — WKN (Wertpapier Kenn-Nummer, an uimhir aitheantais alfa-uimhriúil sa Ghearmáin) 5 — Bloomberg Ticker (cód litreacha Bloomberg lena sainaithnítear urrúis cuideachta) 6 — BBGID (Aitheantas Domhanda Bloomberg) 7 — Reuters RIC (Cód ionstraime Reuters) 8 — FIGI (Aitheantóir Domhanda Ionstraime Airgeadais) 9 — Cód eile le comhaltaí Chumann na nGníomhaireachtaí Náisiúnta um Shannadh Uimhreacha 99 — Cód sannta ag an ngnóthas Nuair is gá an Cód Aitheantais Sócmhainne céanna a thuairisciú maidir le sócmhainn amháin a eisítear in 2 airgeadra dhifriúla nó níos mó agus sainmhínítear an cód in C0040 leis an gCód Aitheantais Sócmhainne agus cód aibítre ISO 4217 an airgeadra, tagróidh an Cineál Cóid Aitheantais Sócmhainne do rogha 99 agus do rogha an Chóid Aitheantais Sócmhainne bunaidh, mar atá sa sampla seo a leanas arbh é cód ISIN + airgeadra an cód a tuairiscíodh ina leith: "99/1".

	MÍR	TREORACHA
C0150	Teideal na Míre	Sainaithin an mhír arna tuairisciú ach ainm na sócmhainne (nó an seoladh i gcás maoine), mar aon leis an mionsonra arna réiteach ag an ngnóthas. Breithneofar na nithe seo a leanas: — Maidir le catagóir CIC 8 – Morgáistí agus Iasachtaí, i gcás ina mbaineann sé le morgáiste agus iasachtaí le daoine nádúrtha, beidh sa mhír seo "Iasachtaí do chomhaltaí AMSB" nó "Iasachtaí le daoine nádúrtha eile", de réir a gcineáil, mar ní gá na sócmhainní sin a indibhidiúlú. Iasachtaí le daoine seachas daoine nádúrtha, tuairisceofar iad líne ar líne. — Níl an mhír seo infheidhme maidir le CIC 95 — Gléasra agus trealamh (dá n-úsáid féin) mar ní gá na sócmhainní sin a indibhidiúlú, CIC 71 agus CIC 75 — Nuair a chuimsítear polasaithe árachais (maidir le hiasachtaí arna gcomhthaobhú le polasaithe árachais) leis an gcomhthaobhacht ní gá na polasaithe sin a indibhidiúlú agus níl an mhír sin infheidhme. — Maidir le maoin, tuairisceofar cód tíre ISO alfa-2 + cód poist + cathair + ainm sráide + uimhir shráide) na maoine arna sealbhú nó an domhanleithead agus an domhanfhad nó réigiún CRESTA/NUTS na hinfheistíochta maoine: teorainneacha riaracháin (e.g. teorainneacha cúige nó contae, e.g. leibhéal NUTS3) nó limistéir cóid poist chumaiscthe (e.g. an chéad dá dhigit de limistéir cóid poist, mar shampla criosanna réitigh ísil CRESTA 2019[2]).
C0160	Ainm an Eisitheora	Ainm an eisitheora, sainithe mar an t-eintiteas a eisíonn sócmhainní d'infheisteoirí, ag léiriú cuid dá chaipiteal, cuid dá fhiachas, díorthaigh, etc. Comhfhreagraíonn an mhír seo d'ainm an eintitis sa bhunachar sonraí LEI, nuair a bhíonn sí ar fáil. Nuair nach mbíonn fáil uirthi, comhfhreagraíonn sí don ainm dlíthiúil. Breithneofar na nithe seo a leanas: — Maidir le catagóir CIC 4 — Gnóthais Chomhinfheistíochta, is ionann ainm an eisitheora agus ainm an bhainisteora cistí; — Maidir le catagóir CIC 7 — Airgead tirim agus taiscí (cé is moite de CIC 71 agus CIC 75), is ionann ainm an eisitheora agus ainm an eintitis taiscí — Maidir le catagóir CIC 8 – Morgáistí agus Iasachtaí, i gcás ina mbaineann sé le morgáiste agus iasachtaí le daoine nádúrtha, beidh sa mhír seo "Iasachtaí le comhaltaí AMSB" nó "Iasachtaí le daoine nádúrtha eile", de réir a gcineáil, mar ní gá na sócmhainní sin a indibhidiúlú; — Maidir le CIC 8 — Morgáistí agus Iasachtaí, seachas morgáistí agus iasachtaí le daoine nádúrtha bainfidh an fhaisnéis leis an iasachtaí; Níl an mhír seo infheidhme maidir le CIC 71, CIC 75 agus — catagóir CIC 9 — Maoin.
C0170	Cód an Eisitheora	Cód aitheantais an chóid eisitheora ag úsáid an LEI má tá sé ar fáil. Breithneofar na nithe seo a leanas: — Maidir le catagóir CIC 4 — Gnóthais Chomhinfheistíochta, is ionann cód an eisitheora agus cód an bhainisteora cistí; — Maidir le catagóir CIC 7 — Airgead tirim agus taiscí (cé is moite de CIC 71 agus CIC 75), is ionann cód an eisitheora agus cód an eintitis taiscí

	MÍR	TREORACHA
		— Maidir le catagóir CIC 8 — Morgáistí agus Iasachtaí, seachas morgáistí agus iasachtaí le daoine nádúrtha bainfidh an fhaisnéis leis an iasachtaí; — Níl an mhír seo infheidhme maidir le CIC 71, CIC 75 agus catagóir CIC 9 — Maoin; Níl an mhír seo infheidhme maidir le catagóir CIC 8 — Morgáistí agus Iasachtaí, nuair a bhaineann siad le morgáiste agus iasachtaí le daoine nádúrtha.
C0180	Cineál cóid eisitheora	An cód a úsáidtear don mhír "Cód an Eisitheora" a shainaithint. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — LEI 9 — Dada Níl an mhír seo infheidhme maidir le catagóir CIC 8 — Morgáistí agus Iasachtaí, nuair a bhaineann siad le morgáiste agus iasachtaí le daoine nádúrtha. Níl an mhír seo infheidhme maidir le CIC 71, CIC 75 agus catagóir CIC 9 — Maoin.
C0190	Earnáil an Eisitheora	Sainaithin earnáil eacnamaíoch an eisitheora bunaithe ar an leagan is déanaí den chód NACE (mar a fhoilsítear i Rialachán CE). Maidir le ranna NACE A go N, is gá ceithre dhigit iomlána chód NACE a thuairisciú, i.e. an litir lena sainaithnítear an Roinn agus an cód 4 dhigit don aicme ina diaidh (e.g. "K6411"). Maidir lena na ranna eile, úsáidfear an tagairt litreach den chód NACE lena sainaithnítear an Roinn mar íosmhéid chun earnálacha a shainaithint (e.g. bheadh "P" nó "P8501" inghlactha). Breithneofar na nithe seo a leanas: — Maidir le catagóir CIC 4 — Gnóthais Chomhinfheistíochta, is ionann earnáil an eisitheora agus earnáil an bhainisteora cistí; — Maidir le catagóir CIC 7 — Airgead tirim agus taiscí (cé is moite de CIC 71 agus CIC 75), is ionann earnáil an eisitheora agus earnáil an eintitis taiscí — Maidir le catagóir CIC 8 — Morgáistí agus Iasachtaí, seachas morgáistí agus iasachtaí le daoine nádúrtha bainfidh an fhaisnéis leis an iasachtaí; — Níl an mhír seo infheidhme maidir le CIC 71, CIC 75, CIC 09 agus catagóir CIC 9 — Maoin; — Níl an mhír seo infheidhme maidir le catagóir CIC 8 — Morgáistí agus Iasachtaí, nuair a bhaineann siad le morgáiste agus iasachtaí le daoine nádúrtha.
C0200	Ainm an Ghrúpa Eisitheoirí	Ainm mháthaireintiteas deiridh an eisitheora. Comhfhreagraíonn an mhír seo d'ainm an eintitis sa bhunachar sonraí LEI, nuair a bhíonn sí ar fáil. Nuair nach mbíonn fáil uirthi, comhfhreagraíonn sí don ainm dlíthiúil. Breithneofar na nithe seo a leanas: — Maidir le catagóir CIC 4 — Gnóthais Chomhinfheistíochta, baineann an caidreamh grúpa leis an mbainisteoir cistí; — Maidir le catagóir CIC 7 — Airgead tirim agus taiscí (cé is moite de CIC 71 agus CIC 75), is ionann an caidreamh grúpa agus an t-eintiteas taiscí

	MÍR	TREORACHA
		— Maidir le catagóir CIC 8 — Morgáistí agus Iasachtaí, seachas morgáistí agus iasachtaí le daoine nádúrtha baineann an caidreamh grúpa leis an iasachtaí; — Níl an mhír seo infheidhme maidir le catagóir CIC 8 – Morgáistí agus Iasachtaí, i gcás morgáistí agus iasachtaí le daoine nádúrtha) — Níl an mhír seo infheidhme maidir le CIC 71, CIC 75 agus catagóir CIC 9 — Maoin.
C0210	Cód an Ghrúpa Eisitheoirí	Cód aitheantais an ghrúpa eisitheoirí ag úsáid an LEI má tá sé ar fáil. Ní dhéanfar tuairisciú ar an mír seo mura bhfuil LEI ar fáil. Breithneofar na nithe seo a leanas: — Maidir le catagóir CIC 4 — Gnóthais Chomhinfheistíochta, baineann an caidreamh grúpa leis an mbainisteoir cistí; — Maidir le catagóir CIC 7 — Airgead tirim agus taiscí (cé is moite de CIC 71 agus CIC 75), is ionann an caidreamh grúpa agus an t-eintiteas taiscí — Maidir le catagóir CIC 8 — Morgáistí agus Iasachtaí, seachas morgáistí agus iasachtaí le daoine nádúrtha baineann an caidreamh grúpa leis an iasachtaí; — Níl an mhír seo infheidhme maidir le catagóir CIC 8 – Morgáistí agus Iasachtaí, i gcás morgáistí agus iasachtaí le daoine nádúrtha) Níl an mhír seo infheidhme maidir le CIC 71, CIC 75 agus catagóir CIC 9 — Maoin.
C0220	Cineál chód an ghrúpa eisitheoirí	An cód a úsáidtear don mhír “Cód an Ghrúpa Eisitheoirí” a shainaithint. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — LEI 9 — Dada Níl an mhír seo infheidhme maidir le catagóir CIC 8 — Morgáistí agus Iasachtaí, nuair a bhaineann siad le morgáiste agus iasachtaí le daoine nádúrtha. Níl an mhír seo infheidhme maidir le CIC 71, CIC 75 agus catagóir CIC 9 — Maoin.
C0230	Tír is Eisitheoir	Cód ISO 3166-1 alfa-2 thír logánaithe an eisitheora. Déantar measúnú ar logánú an eisitheora de réir sheoladh an eintitis a eisíonn an tsócmhainn. Breithneofar na nithe seo a leanas: — Maidir le catagóir CIC 4 — Gnóthais Chomhinfheistíochta, is ionann tír an eisitheora agus tír is ábhartha don bhainisteoir cistí; — Maidir le catagóir CIC 7 — Airgead tirim agus taiscí (cé is moite de CIC 71 agus CIC 75), is ionann tír an eisitheora agus tír an eintitis taiscí — Maidir le catagóir CIC 8 — Morgáistí agus Iasachtaí, seachas CIC 87 agus CIC 88 bainfidh an fhaisnéis leis an iasachtaí; — Níl an mhír seo infheidhme maidir le CIC 71, CIC 75, CIC 09 agus catagóir CIC 9 — Maoin;

	MÍR	TREORACHA
		Úsáidfear ceann de na roghanna: — Cód ISO 3166-1 alpha-2 — XA: Eisitheoirí fornáisiúnta — An tAontas: Institiúidí den Aontas Eorpach
C0240	Airgeadra	Sainaithin cód aibítre ISO 4217 airgeadra na heisiúna. Breithneofar na nithe seo a leanas: — Níl an mhír seo infheidhme maidir le catagóir CIC 8 – Morgáistí agus Iasachtaí (i gcás morgáistí agus iasachtaí le daoine nádúrtha, mar ní gá na sócmhainní sin a indibhidiúlú), CIC 75 agus maidir le CIC 95 — Gléasra agus trealamh (dá úsáid féin) ar an gcúis chéanna. — Maidir le catagóir CIC 9, cé is moite de CIC 95 — Gléasra agus trealamh (dá n-úsáid féin), comhfhreagraíonn an t-airgeadra don airgeadra ina ndearnadh an infheistíocht.
C0250	CIC	Cód Aitheantais Comhlántach a úsáidtear chun sócmhainní a aicmiú, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn VI — Tábla CIC den Rialachán seo. Agus sócmhainn á haicmiú leis an tábla CIC, cuirfidh gnóthais san áireamh an riosca is ionadaíche dá nochtar an tsócmhainn.
C0260	Praghas aonaid	Praghas aonaid na sócmhainne, más ábhartha. Ní thuairisceofar an mhír seo má thuairiscítear mír Céatadán aonaid de phraghas mhéid ar par Shócmhainneacht II (C0270).
C0270	Céatadán aonaid de phraghas mhéid ar par Shócmhainneacht II	Méid i gcéatadán parluacha, praghas glan gan ús fabhraithe, le haghaidh na sócmhainne, más ábhartha. Tuairisceofar an mhír seo má soláthraíodh faisnéis "méid ar par" (C0100) sa chéad chuid den teimpléad ("Faisnéis maidir le suíomhanna arna sealbhú") ach amháin maidir le catagóir CIC 71 agus 9. Ní thuairisceofar an mhír seo má thuairiscítear mír Praghas aonaid Shócmhainneacht II (C0260).
C0280	Dáta aibíochta	Infheidhme maidir le catagóirí CIC 1, 2, 5, 6 agus 8, agus CIC 74 agus CIC 79 amháin. Sainaithin cód ISO 8601 (bbbb–mm–ll) an dáta aibíochta. Comhfhreagraíonn don dáta aibíochta i gcónaí, fiú i gcás urrúis inghlaoite. Breithneofar na nithe seo a leanas: — Le haghaidh urrús buan úsáid "9999-12-31" — Maidir le catagóir CIC 8, maidir le hiasachtaí agus morgáistí le daoine aonair, tá an aibíocht iarmhair ualaithe (bunaithe ar mhéid na hiasachta) le tuairisciú.

S.12.01 — Forálacha Teicniúla Saoil agus Sláinte SLT

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach ráithiúil agus bliantúil faisnéise le haghaidh eintitis aonair, cistí imfhálaithe, punanna coigeartaithe meaitseála agus an chuid atá fágtha.

Féadfaidh gnóthais neastacháin iomchuí a chur i bhfeidhm le linn dóibh na forálacha teicniúla a ríomh dá dtagraítear in Airteagal 21 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35. Ina theannta sin, féadfar Airteagal 59 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 a chur i bhfeidhm chun an corrlach riosca le linn na bliana airgeadais a ríomh.

Réim ghnó le haghaidh oibleagáidí saoil: Na réimeanna gnó, dá dtagraítear in Airteagal 80 de Threoir 2009/138/CE, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35. Léireofar leis an deighilt cineál na rioscaí is bonn leis an gconradh (substaint), seachas foirm dhlíthiúil an chonartha (foirm). Trí réamhshocrú, i gcás ina gcumhdaítear rioscaí thar na réimeanna gnó leis an gconradh árachais nó athárachais, díchuachfaidh gnóthais, i gcás inar féidir, na hoibleagáidí sna réimeanna gnó iomchuí (Airteagal 55 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35).

Deighltear na línte gnó "Árachas innéacsnasctha agus aonadnasctha", "Árachas saoil eile" agus "Árachas sláinte" idir "Conarthaí gan roghanna agus ráthaíochtaí" agus "Conarthaí le roghanna nó ráthaíochtaí". Measfar na nithe seo a leanas i dtaca leis an deighilt sin:

— Áireofar le "conarthaí gan roghanna agus ráthaíochtaí" na méideanna a bhaineann le conarthaí gan aon ráthaíocht airgeadais ná aon rogha chonarthach, rud a chiallaíonn nach léiríonn ríomh na forála teicniúla méid aon ráthaíochta airgeadais ná rogha conarthaí. Conarthaí a ngabhann roghanna conarthacha neamhábhartha nó ráthaíochtaí airgeadais leo nach léirítear sa ríomh ar na forálacha teicniúla, tuairisceofar iad freisin sa cholún sin;

— Áireofar le "conarthaí le roghanna nó ráthaíochtaí" conarthaí a bhfuil ráthaíochtaí airgeadais, roghanna conarthacha, nó an dá cheann acu a mhéid a léiríonn an ríomh ar an bhforáil theicniúil gur ann do na ráthaíochtaí airgeadais nó do na roghanna conarthacha sin iontu.

Beidh san fhaisnéis a thuairiscítear faisnéis chomhlán ar athárachas toisc go n-iarrtar faisnéis maidir le Méideanna in-aisghabhála ó athárachas/MSC agus athárachas finideach i rónna sonracha.

Ní bheidh feidhm ag aon tagairt do luachanna géilliúna maidir leis an ngnó athárachais.

Beidh an fhaisnéis a thuairisceofar idir R0010 agus R0100 tar éis an choigeartaithe luaineachta, an choigeartaithe meaitseála agus an choigeartaithe idirthréimhsigh ar an struchtúr téarma ábhartha agus rátaí úis atá saor ó riosca má chuirtear i bhfeidhm é, ach ní áireofar leis an asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla. Iarrtar méid na hasbhainte idirthréimhsí ar fhorálacha teicniúla ar leithligh idir sraitheanna R0110 agus R0130.

	ÍTIM	TREORACHA
Z0020	Ciste imfhálaithe/punann coigeartaithe meaitseála nó an chuid atá fágtha	Sainaithnítear leis cibé acu a bhaineann na figiúirí a thuairiscítear le RFF, le punann coigeartaithe meaitseála nó leis an gcuid atá fágtha. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — RFF/MAP 2 — An chuid atá fágtha
Z0030	Uimhir Chiste/Phunainne	Uimhir aitheantais le haghaidh ciste imfhálaithe nó punann coigeartaithe meaitseála. Is é an gnóthas a shannann an uimhir sin agus ní mór di a bheith comhsheasmhach le himeacht ama agus leis an uimhir chiste/phunainne a thuairiscítear i dteimpléid eile.

Forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine

C0020, C0030, C0060, C0090, C0100, C0110, C0120, C0130, C0140, C0160, C0190, C0200/R0010	Forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine	Méid na bhForálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine in aghaidh gach réime gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
C0150/R0010	Forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine — Iomlán (Árachas saoil, seachas árachas sláinte, lena n-áirítear Aonadnasctha)	Méid iomlán na bhforálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine le haghaidh árachas Saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear Aonadnasctha.

	ÍTIM	TREORACHA
C0210/R0010	Forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine — Iomlán (Árachas sláinte cosúil le hárachas saoil)	Méid iomlán na bhforálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine le haghaidh árachas sláinte cosúil le hárachas saoil.
C0020, C0030, C0060, C0090, C0100 go C0140, C0160, C0190, C0200/R0020	Méideanna in-aisghabhála iomlána ó athárachas/MSC agus athárachas finideach tar éis an choigeartaithe i leith caillteanais a bhfuil coinne leo i ngeall ar mhainneachtain contrapháirtí atá bainteach le forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine	Méid na méideanna in-aisghabhála ó athárachas/MSC agus athárachas finideach tar éis an choigeartaithe i leith caillteanais a bhfuil coinne leo i ngeall ar mhainneachtain contrapháirtí ar na forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine in aghaidh gach réime gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
C0150/R0020	Méideanna in-aisghabhála iomlána ó athárachas/MSC agus athárachas finideach tar éis an choigeartaithe i leith caillteanais a bhfuil coinne leo i ngeall ar mhainneachtain contrapháirtí atá bainteach le forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine – Iomlán (Árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas Aonadnasctha)	Méid iomlán na méideanna in-aisghabhála ó athárachas/MSC agus athárachas finideach tar éis an choigeartaithe i leith caillteanais a bhfuil coinne leo i ngeall ar mhainneachtain contrapháirtí ar na forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine le haghaidh árachas Saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas Aonadnasctha.
C0210/R0020	Méideanna in-aisghabhála iomlána ó athárachas/MSC agus athárachas finideach tar éis an choigeartaithe i leith caillteanais a bhfuil coinne leo i ngeall ar mhainneachtain contrapháirtí atá bainteach le forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine – Iomlán (Árachas sláinte cosúil le hárachas saoil)	Méid iomlán na méideanna in-aisghabhála ó athárachas/SPV agus athárachas finideach tar éis an choigeartaithe i leith caillteanais a bhfuil coinne leo i ngeall ar mhainneachtain contrapháirtí ar na forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine le haghaidh árachas Sláinte cosúil le hárachas saoil.

Forálacha teicniúla arna ríomh mar shuim den mheastachán is fearr agus corrlach riosca

C0020, C0040, C0050, C0070, C0080, C0090, C0100 go C0140, C0170, C0180, C0190, C0200/R0030	Forálacha teicniúla arna ríomh mar shuim den mheastachán is fearr agus den chorrlach riosca, an t-ollmheastachán is fearr	Méid an ollmheastacháin is fearr (gan asbhaint athárachais, MSCanna agus athárachas finideach de réir Airteagal 77(2) de Threoir 2009/138/CE) in aghaidh gach réime gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
C0150/R0030	Forálacha teicniúla arna ríomh mar shuim de BE agus RM, an tOllmheastachán is Fearr – Iomlán (Árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas Aonadnasctha)	Méid iomlán an ollmheastacháin is fearr (gan asbhaint athárachais, MSCanna agus athárachas finideach de réir Airteagal 77(2) de Threoir 2009/138/CE), le haghaidh árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas aonadnasctha.

	ÍTIM	TREORACHA
C0210/R0030	Forálacha teicniúla arna ríomh mar shuim de BE agus RM, an tOllmheastachán is Fearr – Iomlán (Árachas sláinte cosúil le hárachas saoil)	Méid iomlán an ollmheastacháin is fearr (gan asbhaint athárachais, MSCanna agus athárachas finideach de réir Airteagal 77(2) de Threoir 2009/138/CE), le haghaidh árachas sláinte cosúil le hárachas saoil.
C0020, C0040, C0050, C0070, C0080, C0090, C0100, C0170, C0180, C0190, C0200/R0040	Méideanna in-aisghabhála iomlána ó athárachas/MSC agus athárachas finideach roimh an gcoigeartú i leith caillteanais a bhfuil coinne leo i ngeall ar mhainneachtain contrapháirtí	Méid na méideanna in-aisghabhála roimh an gcoigeartú i leith caillteanais a bhfuil coinne leo i ngeall ar an bhféidearthacht go mainneoidh an t-athárachóir, mar a shainmhínítear in Airteagal 81 de Threoir 2009/138/CE, lena n-áirítear athárachas inghrúpa géillte, in aghaidh gach réime gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
C0150/R0040	Méideanna in-aisghabhála iomlána ó athárachas/MSC agus athárachas finideach roimh an gcoigeartú i leith caillteanais a bhfuil coinne leo i ngeall ar mhainneachtain contrapháirtí – Iomlán (Árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas Aonadnasctha)	Méid iomlán na méideanna in-aisghabhála roimh an gcoigeartú i leith caillteanais a bhfuil coinne leo i ngeall ar an bhféidearthacht go mainneoidh an t-athárachóir, mar a shainmhínítear in Airteagal 81 de Threoir 2009/138/CE, lena n-áirítear athárachas inghrúpa géillte, le haghaidh árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas aonadnasctha.
C0210/R0040	Méideanna in-aisghabhála iomlána ó athárachas/MSC agus athárachas finideach roimh an gcoigeartú i leith caillteanais a bhfuil coinne leo i ngeall ar mhainneachtain contrapháirtí – Iomlán (Árachas sláinte cosúil le hárachas saoil)	Méid iomlán na méideanna in-aisghabhála ó athárachas agus MSCanna roimh an gcoigeartú i leith caillteanais a bhfuil coinne leo i ngeall ar mhainneachtain contrapháirtí le haghaidh árachas sláinte cosúil le hárachas saoil.
C0020, C0040, C0050, C0070, C0080, C0090, C0100, C0170, C0180, C0190, C0200/R0050	Méideanna in-aisghabhála ó athárachas (seachas MSC agus athárachas finideach) roimh an gcoigeartú i leith caillteanais a bhfuil coinne leo	Méid na méideanna in-aisghabhála (roimh an gcoigeartú i leith caillteanais a bhfuil coinne leo) ó athárachas "traidisiúnta", i.e. gan MSCanna agus athárachas finideach, arna ríomh go comhsheasmhach le teorainneacha na gconarthaí lena mbaineann siad, lena n-áirítear athárachas inghrúpa géillte, in aghaidh gach réime gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
C0150/R0050	Na méideanna in-aisghabhála iomlána ó athárachas (seachas MSC agus athárachas finideach) roimh an gcoigeartú i leith caillteanais a bhfuil coinne leo — Iomlán (Árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas aonadnasctha)	Méid iomlán na méideanna in-aisghabhála (roimh an gcoigeartú i leith caillteanais a bhfuil coinne leo) ó athárachas "traidisiúnta", i.e. gan MSCanna agus athárachas finideach, arna ríomh go comhsheasmhach le teorainneacha na gconarthaí lena mbaineann siad, lena n-áirítear athárachas inghrúpa géillte, le haghaidh árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas aonadnasctha.

	ÍTIM	TREORACHA
C0210/R0050	Na méideanna in-aisghabhála iomlána ó athárachas (seachas MSC agus athárachas finideach) roimh an gcoigeartú i leith caillteanais a bhfuil coinne leo — Iomlán (Árachas sláinte cosúil le hárachas saoil)	Méid iomlán na méideanna in-aisghabhála ó athárachas (seachas MSCanna agus athárachas finideach) roimh an gcoigeartú i leith caillteanais a bhfuil coinne leo, arna ríomh go comhsheasmhach le teorainneacha na gconarthaí lena mbaineann siad, le haghaidh árachas sláinte cosúil le hárachas saoil.
C0020, C0040, C0050, C0070, C0080, C0090, C0100, C0170, C0180, C0190, C0200/R0060	Méideanna in-aisghabhála ó MSC roimh an gcoigeartú i leith caillteanais a bhfuil coinne leo	Méid na méideanna in-aisghabhála ó MSCanna roimh an gcoigeartú i leith caillteanais a bhfuil coinne leo, arna ríomh go comhsheasmhach le teorainneacha na gconarthaí lena mbaineann siad, in aghaidh gach réime gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, lena n-áirítear athárachas inghrúpa géillte, in aghaidh gach réime gnó.
C0150/R0060	Na méideanna in-aisghabhála iomlána ó mheáin athárachais shainchuspóirigh roimh an gcoigeartú i leith caillteanais a bhfuil coinne leo — Iomlán (Árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas aonadnasctha)	Méid iomlán na méideanna in-aisghabhála ó mheáin athárachais shainchuspóirigh roimh an gcoigeartú i leith caillteanais a bhfuil coinne leo, arna ríomh go comhsheasmhach le teorainneacha na gconarthaí lena mbaineann siad, le haghaidh árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas aonadnasctha.
C0210/R0060	Na méideanna in-aisghabhála iomlána ó MSC roimh an gcoigeartú i leith caillteanais a bhfuil coinne leo — Iomlán (Árachas sláinte cosúil le hárachas saoil)	Méid iomlán na méideanna in-aisghabhála ó MSCanna roimh an gcoigeartú i leith caillteanais a bhfuil coinne leo le haghaidh árachas sláinte cosúil le hárachas saoil
C0020, C0040, C0050, C0070, C0080, C0090, C0100, C0170, C0180, C0190, C0200/R0070	Méideanna in-aisghabhála ó athárachas finideach roimh an gcoigeartú i leith caillteanais a bhfuil coinne leo	Méid na méideanna in-aisghabhála ó athárachas finideach roimh an gcoigeartú i leith caillteanais a bhfuil coinne leo, arna ríomh go comhsheasmhach le teorainneacha na gconarthaí lena mbaineann siad, lena n-áirítear athárachas inghrúpa géillte, in aghaidh gach réime gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
C0150/R0070	Na méideanna in-aisghabhála iomlána ó athárachas finideach roimh an gcoigeartú i leith caillteanais a bhfuil coinne leo — Iomlán (Árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas aonadnasctha)	Méid iomlán na méideanna in-aisghabhála ó athárachas finideach roimh an gcoigeartú i leith caillteanais a bhfuil coinne leo, arna ríomh go comhsheasmhach le teorainneacha na gconarthaí lena mbaineann siad, lena n-áirítear athárachas inghrúpa géillte, le haghaidh árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas aonadnasctha.
C0210/R0070	Na méideanna in-aisghabhála iomlána ó athárachas finideach roimh an gcoigeartú i leith caillteanais a bhfuil coinne leo — Iomlán (Árachas sláinte cosúil le hárachas saoil)	Méid iomlán na méideanna in-aisghabhála ó athárachas finideach roimh an gcoigeartú i leith caillteanais a bhfuil coinne leo le haghaidh árachas sláinte cosúil le hárachas saoil.

	ÍTIM	TREORACHA
C0020, C0040, C0050, C0070, C0080, C0090, C0100 to C0140, C0170, C0180, C0190, C0200/R0080	Méideanna in-aisghabhála iomlána ó athárachas/SPV agus athárachas finideach tar éis an choigeartaithe i leith caillteanais a bhfuil coinne leo i ngeall ar mhainneachtain contrapháirtí	Méid na méideanna in-aisghabhála i ndiaidh an choigeartaithe i leith caillteanais a bhfuil coinne leo i ngeall ar an bhféidearthacht go mainneoidh an t-athárachóir, mar a shainmhínítear in Airteagal 81 de Threoir 2009/138/CE, lena n-áirítear athárachas inghrúpa géillte, in aghaidh gach réime gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
C0150/R0080	Méideanna in-aisghabhála iomlána ó athárachas/SPV agus athárachas finideach tar éis an choigeartaithe i leith caillteanais a bhfuil coinne leo i ngeall ar mhainneachtain contrapháirtí – Iomlán (Árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas Aonadnasctha)	Méid iomlán na méideanna in-aisghabhála i ndiaidh an choigeartaithe i leith caillteanais a bhfuil coinne leo i ngeall ar an bhféidearthacht go mainneoidh an t-athárachóir, mar a shainmhínítear in Airteagal 81 de Threoir 2009/138/CE, lena n-áirítear athárachas inghrúpa géillte, le haghaidh árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas aonadnasctha.
C0210/R0080	Méideanna in-aisghabhála iomlána ó athárachas/SPV agus athárachas finideach tar éis an choigeartaithe i leith caillteanais a bhfuil coinne leo i ngeall ar mhainneachtain contrapháirtí – Iomlán (Árachas sláinte cosúil le hárachas saoil)	Méid iomlán na méideanna in-aisghabhála i ndiaidh an choigeartaithe i leith caillteanais a bhfuil coinne leo i ngeall ar an bhféidearthacht go mainneoidh an t-athárachóir, mar a shainmhínítear in Airteagal 81 de Threoir 2009/138/CE, lena n-áirítear athárachas inghrúpa géillte, le haghaidh árachas sláinte cosúil le hárachas saoil.
C0020, C0040, C0050, C0070, C0080, C0090, C0100, C0170, C0180, C0190, C0200/R0090	Meastachán is fearr lúide méideanna in-aisghabhála ó athárachas/SPV agus athárachas finideach	Méid an mheastacháin is fearr lúide méideanna in-aisghabhála ó athárachas/MSC agus athárachas finideach i ndiaidh an choigeartaithe i leith caillteanais a bhfuil coinne leo i ngeall ar an bhféidearthacht go mainneoidh an t-athárachóir, mar a shainmhínítear in Airteagal 81 de Threoir 2009/138/CE, in aghaidh gach réime gnó.
C0150/R0090	Meastachán is fearr lúide méideanna in-aisghabhála ó athárachas/SPV agus athárachas finideach – Iomlán (Árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas Aonadnasctha)	Méid iomlán an mheastacháin is fearr lúide méideanna in-aisghabhála ó athárachas/MSC agus athárachas finideach i ndiaidh an choigeartaithe i leith caillteanais a bhfuil coinne leo i ngeall ar an bhféidearthacht go mainneoidh an t-athárachóir, mar a shainmhínítear in Airteagal 81 de Threoir 2009/138/CE, le haghaidh árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas aonadnasctha.
C0210/R0090	Meastachán is fearr lúide méideanna in-aisghabhála ó athárachas/SPV agus athárachas finideach – Iomlán (árachas sláinte cosúil le hárachas saoil)	Méid iomlán an mheastacháin is fearr lúide méideanna in-aisghabhála ó athárachas/MSC agus athárachas finideach i ndiaidh an choigeartaithe i leith caillteanais a bhfuil coinne leo i ngeall ar an bhféidearthacht go mainneoidh an t-athárachóir, mar a shainmhínítear in Airteagal 81 de Threoir 2009/138/CE, le haghaidh árachas sláinte cosúil le hárachas saoil.

	ÍTIM	TREORACHA
C0020, C0030, C0060, C0090, C0100 go C0140, C0160, C0190, C0200/R0100	Corrlach Riosca	Méid an chorrlaigh riosca, mar a shainmhínítear in Airteagal 77(3) de Threoir 2009/138/CE, in aghaidh gach réime gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
C0150/R0100	Corrlach Riosca – Iomlán (Árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas aonadnasctha)	Méid iomlán an chorrlaigh riosca le haghaidh árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas aonadnasctha.
C0210/R0100	Corrlach Riosca – Iomlán (Árachas sláinte cosúil le hárachas saoil)	Méid iomlán an Chorrlaigh Riosca le haghaidh árachas sláinte cosúil le hárachas saoil.

Méid an bhirt idirthréimhsigh maidir le forálacha teicniúla

C0020, C0030, C0060, C0090, C0100, C0160, C0190, C0200/R0110	Forálacha Teicniúla arna ríomh ina n-iomláine	Méid na hasbhainte idirthréimhsí ar fhorálacha teicniúla atá leithdháilte ar na forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine, in aghaidh gach réime gnó. Tuairisceofar an luach sin mar luach diúltach i gcás ina laghdóidh sé na forálacha teicniúla.
C0150/R0110	Forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine — Iomlán (Árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas aonadnasctha)	Méid na hasbhainte idirthréimhsí ar fhorálacha teicniúla atá leithdháilte ar na forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine le haghaidh árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas aonadnasctha. Tuairisceofar an luach sin mar luach diúltach i gcás ina laghdóidh sé na forálacha teicniúla.
C0210/R0110	Forálacha Teicniúla arna ríomh ina n-iomláine – Iomlán (Árachas sláinte cosúil le hárachas saoil)	Méid na hasbhainte idirthréimhsí ar fhorálacha teicniúla atá leithdháilte ar na forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine le haghaidh árachas sláinte cosúil le hárachas saoil. Tuairisceofar an luach sin mar luach diúltach i gcás ina laghdóidh sé na forálacha teicniúla.
C0020, C0040, C0050, C0070, C0080, C0090, C0100, C0170, C0180, C0190, C0200/R0120	An Meastachán is Fearr	Méid na hasbhainte idirthréimhsí ar fhorálacha teicniúla atá leithdháilte ar an meastachán is fearr, in aghaidh gach réime gnó. Tuairisceofar an luach sin mar luach diúltach i gcás ina laghdóidh sé na forálacha teicniúla.;

	ÍTIM	TREORACHA
C0150/R0120	An meastachán is fearr — Iomlán (Árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas aonadnasctha)	Méid iomlán na hasbhainte idirthréimhsí ar fhorálacha teicniúla atá leithdháilte ar an meastachán is fearr le haghaidh árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas aonadnasctha. Tuairisceofar an luach sin mar luach diúltach i gcás ina laghdóidh sé na forálacha teicniúla.
C0210/R0120	An meastachán is fearr – Iomlán (Árachas sláinte cosúil le hárachas saoil)	Méid iomlán na hasbhainte idirthréimhsí ar fhorálacha teicniúla atá leithdháilte ar an meastachán is fearr le haghaidh árachas sláinte cosúil le hárachas saoil. Tuairisceofar an luach sin mar luach diúltach i gcás ina laghdóidh sé na forálacha teicniúla.
C0020, C0030, C0060, C0090, C0100, C0160, C0190, C0200/R0130	Corrlach Riosca	Méid na hasbhainte idirthréimhsí ar fhorálacha teicniúla atá leithdháilte ar an gcorrlach riosca, in aghaidh gach réime gnó. Tuairisceofar an luach sin mar luach diúltach i gcás ina laghdóidh sé na forálacha teicniúla.
C0150/R0130	Corrlach riosca – Iomlán (Árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas aonadnasctha)	Méid iomlán na hasbhainte idirthréimhsí ar fhorálacha teicniúla atá leithdháilte ar an gcorrlach riosca le haghaidh árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas aonadnasctha. Tuairisceofar an luach sin mar luach diúltach i gcás ina laghdóidh sé na forálacha teicniúla.
C0210/R0130	Corrlach Riosca – Iomlán (Árachas sláinte cosúil le hárachas saoil)	Méid iomlán na hasbhainte idirthréimhsí ar fhorálacha teicniúla atá leithdháilte ar an gcorrlach riosca le haghaidh árachas sláinte cosúil le hárachas saoil. Tuairisceofar an luach sin mar luach diúltach i gcás ina laghdóidh sé na forálacha teicniúla.

Forálacha teicniúla – Iomlán

C0020, C0030, C0060, C0090, C0100, C0160, C0190, C0200/R0200	Forálacha Teicniúla – Iomlán	Méid iomlán na bhForálacha Teicniúla le haghaidh gach réime gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, lena n-áirítear forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine agus tar éis na hasbhainte idirthréimhsí ar na forálacha teicniúla.
C0150/R0200	Forálacha Teicniúla – Iomlán (Árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas aonadnasctha)	Méid iomlán na bhForálacha Teicniúla le haghaidh árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas aonadnasctha, lena n-áirítear forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine agus tar éis na hasbhainte idirthréimhsí ar fhorálacha teicniúla.
C0210/R0200	Forálacha Teicniúla – Iomlán (Árachas sláinte cosúil le hárachas saoil)	Méid iomlán na bhForálacha Teicniúla le haghaidh árachas sláinte cosúil le hárachas saoil, lena n-áirítear forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine agus tar éis na hasbhainte idirthréimhsí ar fhorálacha teicniúla.
C0020, C0030, C0060, C0090, C0100, C0110, C0120, C0130, C0140, C0160, C0190, C0200/R0210	Forálacha teicniúla lúide méideanna in-aisghabhála ó athárachas/mheán athárachais shainchuspóirigh agus athárachas finideach — Iomlán	Méid iomlán na bhforálacha teicniúla lúide méideanna in-aisghabhála ó athárachas/mheán athárachais shainchuspóirigh agus athárachas finideach in aghaidh gach réime gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, lena n-áirítear forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine agus tar éis na hasbhainte idirthréimhsí ar fhorálacha teicniúla.

	ÍTIM	TREORACHA
C0150/R0210	Forálacha teicniúla lúide méideanna in-aisghabhála ó athárachas/mheán athárachais shainchuspóirigh agus athárachas finideach — Iomlán — Iomlán (Árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas aonadnasctha)	Méid iomlán na bhforálacha teicniúla lúide méideanna in-aisghabhála ó athárachas/mheán athárachais shainchuspóirigh agus athárachas finideach le haghaidh árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas aonadnasctha, lena n-áirítear forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine agus tar éis na hasbhainte idirthréimhsí ar fhorálacha teicniúla.
C0210/R0210	Forálacha teicniúla lúide méideanna in-aisghabhála ó athárachas/mheán athárachais shainchuspóirigh agus athárachas finideach — Iomlán — Iomlán (Árachas sláinte cosúil le hárachas saoil)	Méid iomlán na bhforálacha teicniúla lúide méideanna in-aisghabhála ó athárachas/mheán athárachais shainchuspóirigh agus athárachas finideach le haghaidh árachas sláinte cosúil le hárachas saoil, lena n-áirítear forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine agus tar éis na hasbhainte idirthréimhsí ar fhorálacha teicniúla.

An meastachán is fearr ar tháirgí a bhfuil rogha géilliúna acu

C0020, C0030, C0060, C0090, C0100, C0160, C0190/R0220	An meastachán is fearr ar tháirgí a bhfuil rogha géilliúna acu	Méid an ollmheastacháin is fearr ar tháirgí a bhfuil rogha géilliúna acu in aghaidh gach réime gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35. Áireofar an méid sin freisin in R0030 go R0090.
C0150/R0220	An meastachán is fearr ar tháirgí a bhfuil rogha géilliúna acu — Iomlán (Árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas aonadnasctha)	Méid iomlán an ollmheastacháin is fearr ar tháirgí a bhfuil rogha géilliúna acu le haghaidh árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas aonadnasctha. Áireofar an méid sin freisin in R0030 go R0090.
C0210/R0220	An meastachán is fearr ar tháirgí a bhfuil rogha géilliúna acu — Iomlán (Árachas sláinte cosúil le hárachas saoil)	Méid iomlán an ollmheastacháin is fearr ar tháirgí a bhfuil rogha géilliúna acu le haghaidh árachas sláinte cosúil le hárachas saoil. Áireofar an méid sin freisin in R0030 go R0090.

An t-ollmheastachán is fearr le haghaidh sreabhadh airgid

C0030, C0060, C0090, C0160, C0190, C0200/R0230	An t-ollmheastachán is fearr le haghaidh sreabhadh airgid, eis-sreabhadh airgid, sochair ráthaithe todhchaí agus sochair lánroghnacha todhchaí	An méid eis-sreabhaidh airgid lascainithe (íocaíochtaí le sealbhóirí polasaí agus tairbhithe) le haghaidh sochair ráthaithe todhchaí agus sochair lánroghnacha todhchaí, in aghaidh gach réime gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35. Ciallaíonn sochair lánroghnacha todhchaí sochair todhchaí seachas sochair innéacsnasctha nó aonadnasctha conarthaí árachais nó athárachais a bhfuil ceann de na saintréithe seo a leanas acu: a) Tá na sochair bunaithe go dlíthiúil nó go conarthach ar cheann nó ar roinnt de na torthaí seo a leanas: i. feidhmíocht grúpa shonraithe conarthaí nó cineáil shonraithe conartha nó conartha aonair; ii. an toradh infheistíochta réadaithe nó neamhréadaithe ar chomhthiomsú sonraithe sócmhainní arna sealbhú ag an ngnóthas árachais nó athárachais; iii. brabús nó caillteanas an ghnóthais árachais nó athárachais nó an chiste a chomhfhreagraíonn don chonradh; b) tá na sochair bunaithe ar dhearbhú an ghnóthais árachais nó athárachais agus tá uainiú nó méid na sochar faoina lánrogha iomlán nó pháirteach.

	ÍTIM	TREORACHA
C0150/R0230	An t-ollmheastachán is fearr le haghaidh sreabhadh airgid, eis-sreabhadh airgid, sochair ráthaithe todhchaí agus sochair lánroghnacha todhchaí – Iomlán (Árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas aonadnasctha).	An méid iomlán eis-sreabhaidh airgid lascainithe (íocaíochtaí le sealbhóirí polasaí agus tairbhithe) le haghaidh sochair ráthaithe todhchaí agus sochair lánroghnacha todhchaí le haghaidh árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas aonadnasctha.
C0210/R0230	An t-ollmheastachán is fearr le haghaidh sreabhadh airgid, eis-sreabhadh airgid, sochair ráthaithe todhchaí agus sochair lánroghnacha todhchaí – Iomlán (Árachas sláinte cosúil le hárachas saoil).	An méid iomlán eis-sreabhaidh airgid lascainithe (íocaíochtaí le sealbhóirí polasaí agus tairbhithe) le haghaidh sochair ráthaithe todhchaí agus sochair lánroghnacha todhchaí le haghaidh árachas sláinte cosúil le hárachas saoil.
C0020, C0100/R0240	An t-ollmheastachán is fearr le haghaidh sreabhadh airgid, eis-sreabhadh airgid, sochair ráthaithe todhchaí	An méid eis-sreabhaidh airgid lascainithe (íocaíochtaí le sealbhóirí polasaí agus tairbhithe) le haghaidh sochair ráthaithe todhchaí. Maidir le C0020/R0240, réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, tuairisceofar "Árachas lena ngabhann roinnt an bhrabúis". Maidir le C0100/R0240, tuairisceofar gach sochar ráthaithe todhchaí a bhaineann le hathárachas glactha, gan beann ar an réim ghnó.
C0150/R0240	An t-ollmheastachán is fearr le haghaidh sreabhadh airgid, eis-sreabhadh airgid, sochair ráthaithe todhchaí – Iomlán (Árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas aonadnasctha)	Méid iomlán an ollmheastacháin is fearr le haghaidh sreabhadh airgid, eis-sreabhadh airgid, sochair ráthaithe todhchaí le haghaidh árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas aonadnasctha.
C0020, C0100/R0250	An t-ollmheastachán is fearr le haghaidh sreabhadh airgid, eis-sreabhadh airgid, sochair ráthaithe todhchaí — Árachas lena ngabhann roinnt an bhrabúis	An méid eis-sreabhaidh airgid lascainithe (íocaíochtaí le sealbhóirí polasaí agus tairbhithe) le haghaidh sochair lánroghnacha todhchaí, maidir le réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, "Árachas lena ngabhann roinnt an bhrabúis". Ciallaíonn sochair lánroghnacha todhchaí sochair todhchaí seachas sochair innéacsnasctha nó aonadnasctha conarthaí árachais nó athárachais a bhfuil ceann de na saintréithe seo a leanas acu: a) Tá na sochair bunaithe go dlíthiúil nó go conarthach ar cheann nó ar roinnt de na torthaí seo a leanas: i. feidhmíocht grúpa shonraithe conarthaí nó cineáil shonraithe conartha nó conartha aonair; ii. an toradh infheistíochta réadaithe nó neamhréadaithe ar chomhthiomsú sonraithe sócmhainní arna sealbhú ag an ngnóthas árachais nó athárachais; iii. brabús nó caillteanas an ghnóthais árachais nó athárachais nó an chiste a chomhfhreagraíonn don chonradh; b) tá na sochair bunaithe ar dhearbhú an ghnóthais árachais nó athárachais agus tá uainiú nó méid na sochar faoina lánrogha iomlán nó pháirteach.

	ÍTIM	TREORACHA
C0150/R0250	An t-ollmheastachán is fearr le haghaidh sreabhadh airgid, eis-sreabhadh airgid, sochair lánroghnacha todhchaí – Árachas lena ngabhann roinnt an bhrabúis – Iomlán (Árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas aonadnasctha)	Méid iomlán an ollmheastacháin is fearr le haghaidh sreabhadh airgid, eis-sreabhadh airgid, sochair lánroghnacha todhchaí – Árachas lena ngabhann roinnt an bhrabúis le haghaidh árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas aonadnasctha.
C0020, C0030, C0060, C0090, C0100, C0160, C0190, C0200/R0260	An t-ollmheastachán is fearr le haghaidh Sreabhadh airgid, Eis-sreabhadh airgid, Costais todhchaí agus eis-sreabhadh airgid eile	An méid Eis-sreabhaidh airgid lascainithe le haghaidh Costais todhchaí agus eis-sreabhadh airgid eile, in aghaidh gach réime gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35. Léireoidh sé costais a thabhófar nuair a bheidh oibleagáidí árachais agus athárachais á seirbhísiú, agus míreanna eis-sreabhaidh airgid eile amhail íocaíochtaí cánachais a mhuirearaítear ar shealbhóirí polasaí, nó a bhfuil coinne lena muirearú orthu, nó a cheanglaítear chun na hoibleagáidí árachais nó athárachais a shocrú.
C0150/R0260	An t-ollmheastachán is fearr le haghaidh Sreabhadh airgid, Eis-sreabhadh airgid, Costais todhchaí agus eis-sreabhadh airgid eile — Iomlán (Árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas aonadnasctha)	An méid iomlán Eis-sreabhaidh airgid lascainithe le haghaidh Costais todhchaí agus eis-sreabhadh airgid eile, le haghaidh árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas aonadnasctha. Léireoidh sé costais a thabhófar nuair a bheidh oibleagáidí árachais agus athárachais á seirbhísiú, agus míreanna eis-sreabhaidh airgid eile amhail íocaíochtaí cánachais a mhuirearaítear ar shealbhóirí polasaí, nó a bhfuil coinne lena muirearú orthu, nó a cheanglaítear chun na hoibleagáidí árachais nó athárachais a shocrú.
C0210/R0260	An t-ollmheastachán is fearr le haghaidh Sreabhadh airgid, Eis-sreabhadh airgid, Costais todhchaí agus eis-sreabhadh airgid eile — Iomlán (Árachas sláinte cosúil le hárachas saoil)	An méid iomlán Eis-sreabhaidh airgid lascainithe le haghaidh Costais todhchaí agus eis-sreabhadh airgid eile, le haghaidh árachas sláinte cosúil le hárachas saoil. Léireoidh sé costais a thabhófar nuair a bheidh oibleagáidí árachais agus athárachais á seirbhísiú, agus míreanna eis-sreabhaidh airgid eile amhail íocaíochtaí cánachais a mhuirearaítear ar shealbhóirí polasaí, nó a bhfuil coinne lena muirearú orthu, nó a cheanglaítear chun na hoibleagáidí árachais nó athárachais a shocrú.
C0020, C0030, C0060, C0090, C0100, C0160, C0190, C0200/R0270	An t-ollmheastachán is fearr le haghaidh sreabhadh airgid, insreabhadh airgid, préimheanna todhchaí	An méid insreabhaidh airgid lascainithe ó phréimheanna todhchaí agus aon sreabhadh airgid breise a eascraíonn as na préimheanna sin, lena n-áirítear préimheanna athárachais ghlactha, in aghaidh gach réime gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
C0150/R0270	An t-ollmheastachán is fearr le haghaidh sreabhadh airgid, insreabhadh airgid, préimheanna todhchaí – Iomlán (Árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas aonadnasctha)	An méid insreabhaidh airgid lascainithe ó phréimheanna todhchaí agus aon sreabhadh airgid breise a eascraíonn as na préimheanna sin, lena n-áirítear préimheanna athárachais ghlactha, le haghaidh árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas aonadnasctha.
C0210/R0270	An t-ollmheastachán is fearr le haghaidh sreabhadh airgid, insreabhadh airgid, préimheanna todhchaí — Iomlán (Árachas sláinte cosúil le hárachas saoil)	An méid insreabhaidh airgid lascainithe ó phréimheanna todhchaí agus aon sreabhadh airgid breise a eascraíonn as na préimheanna sin, lena n-áirítear préimheanna athárachais ghlactha, le haghaidh árachas sláinte cosúil le hárachas saoil.
C0020, C0030, C0060, C0090, C0100, C0160, C0190, C0200/R0280	An t-ollmheastachán is fearr le haghaidh sreabhadh airgid, insreabhadh airgid, insreabhadh airgid eile	Méid aon insreabhaidh airgid lascainithe eile nach n-áirítear i bpréimheanna todhchaí agus nach n-áirítear torthaí infheistíochta leis, in aghaidh gach réime gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.

	ÍTIM	TREORACHA
C0150/R0280	An t-ollmheastachán is fearr le haghaidh sreabhadh airgid, insreabhadh airgid, insreabhadh airgid eile – Iomlán (Árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas aonadnasctha)	Méid aon insreabhaidh airgid lascainithe eile nach n-áirítear i bpréimheanna todhchaí agus nach n-áirítear torthaí infheistíochta leis, le haghaidh árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas aonadnasctha.
C0210/R0280	An t-ollmheastachán is fearr le haghaidh sreabhadh airgid, insreabhadh airgid, insreabhadh airgid eile — Iomlán (Árachas sláinte cosúil le hárachas saoil)	Méid aon insreabhaidh airgid lascainithe eile nach n-áirítear i bpréimheanna todhchaí agus nach n-áirítear torthaí infheistíochta leis, le haghaidh árachas sláinte cosúil le hárachas saoil.
C0020, C0030, C0060, C0090, C0100, C0160, C0190, C0200/R0290	Céatadán an ollmheastacháin is fearr arna ríomh agus neastacháin á n-úsáid	Léirigh céatadán an ollmheastacháin is fearr a áirítear san ollmheastachán is fearr (R0030) arna ríomh agus neastacháin á n-úsáid mar a leagtar síos in Airteagal 21 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, in aghaidh gach réime gnó.
C0020, C0030, C0060, C0090, C0100, C0160, C0190, C0200/R0300	Luach géilliúna	Léirigh méid an luacha géilliúna, in aghaidh gach réime gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, mar a luaitear in Airteagal 185 (3) (f) de Threoir 2009/138/CE, glan ó chánacha. Léireoidh sé an méid, arna shainiú go conarthach, atá le híoc leis an sealbhóir polasaí sa chás go bhfoirceanntar an conradh go luath (i.e. sula dtiocfaidh sé chun bheith iníoctha trína bheith ag teacht chun aibíochta nó nuair a tharlóidh an teagmhas árachaithe, amhail bás), glan ó mhuirir agus iasachtaí polasaí. Áirítear ann luachanna géilliúna a ráthaíodh agus nár ráthaíodh.
C0150/R0300	Luach géilliúna, Iomlán (Árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas aonadnasctha)	Luach géilliúna iomlán le haghaidh árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas aonadnasctha.
C0210/R0300	Luach géilliúna, Iomlán (Árachas sláinte cosúil le hárachas saoil)	Luach géilliúna iomlán le haghaidh árachas sláinte cosúil le hárachas saoil.
C0020, C0030, C0060, C0090, C0100, C0160, C0190, C0200/R0310	An meastachán is fearr faoi réir choigeartú idirthréimhseach an ráta úis	Léirigh méid an ollmheastacháin is fearr (R0030) atá faoi réir an choigeartaithe idirthréimhsigh i leith an struchtúir ábhartha téarma agus rátaí úis atá saor ó riosca, le haghaidh gach réime gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
C0150/R0310	An meastachán is fearr faoi réir choigeartú idirthréimhseach an ráta úis — Iomlán (Árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas aonadnasctha)	Méid iomlán an ollmheastacháin is fearr (R0030) atá faoi réir an choigeartaithe idirthréimhsigh i leith an struchtúir ábhartha téarma agus rátaí úis atá saor ó riosca, le haghaidh árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas aonadnasctha.
C0210/R0310	An meastachán is fearr faoi réir choigeartú idirthréimhseach an ráta úis — Iomlán (Árachas sláinte cosúil le hárachas saoil)	Méid iomlán an ollmheastacháin is fearr (R0030) atá faoi réir an choigeartaithe idirthréimhsigh i leith an struchtúir ábhartha téarma agus rátaí úis atá saor ó riosca, le haghaidh árachas sláinte cosúil le hárachas saoil.

	ÍTIM	TREORACHA
C0020, C0030, C0060, C0090, C0100, C0160, C0190, C0200/R0320	Forálacha teicniúla gan coigeartú idirthréimhseach an ráta úis	An méid forálacha teicniúla inar cuireadh i bhfeidhm an coigeartú idirthréimhseach i leith an struchtúir ábhartha téarma agus rátaí úis atá saor ó riosca arna ríomh gan an coigeartú idirthréimhseach i leith an struchtúir ábhartha téarma agus rátaí úis atá saor ó riosca a áireamh, le haghaidh gach réime gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35. I gcásanna ina raibh na meastacháin chéanna, arb iad na meastacháin is fearr iad, faoi réir an choigeartaithe luaineachta freisin, léireoidh an méid a thuairiscítear sa mhír seo an luach gan an coigeartú idirthréimhseach i leith an struchtúir ábhartha téarma agus rátaí úis atá saor ó riosca a áireamh ach beidh an coigeartú luaineachta san áireamh ann.
C0150/R0320	Forálacha teicniúla gan coigeartú idirthréimhseach an ráta úis — Iomlán (Árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas aonadnasctha)	Méid iomlán na bhforálacha teicniúla arna ríomh gan an coigeartú idirthréimhseach i leith an struchtúir ábhartha téarma agus rátaí úis atá saor ó riosca a áireamh, le haghaidh árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas aonadnasctha. I gcásanna ina raibh na meastacháin chéanna, arb iad na meastacháin is fearr iad, faoi réir an choigeartaithe luaineachta freisin, léireoidh an méid a thuairiscítear sa mhír seo an luach gan an coigeartú idirthréimhseach i leith an struchtúir ábhartha téarma agus rátaí úis atá saor ó riosca a áireamh ach beidh an coigeartú luaineachta san áireamh ann.
C0210/R0320	Forálacha teicniúla gan coigeartú idirthréimhseach an ráta úis — Iomlán (Árachas sláinte cosúil le hárachas saoil)	Méid iomlán na bhforálacha teicniúla arna ríomh gan an coigeartú idirthréimhseach i leith an struchtúir ábhartha téarma agus rátaí úis atá saor ó riosca a áireamh, le haghaidh árachas sláinte cosúil le hárachas saoil. I gcásanna ina raibh na meastacháin chéanna, arb iad na meastacháin is fearr iad, faoi réir an choigeartaithe luaineachta freisin, léireoidh an méid a thuairiscítear sa mhír seo an luach gan an coigeartú idirthréimhseach i leith an struchtúir ábhartha téarma agus rátaí úis atá saor ó riosca a áireamh ach beidh an coigeartú luaineachta san áireamh ann.
C0020, C0030, C0060, C0090, C0100, C0160, C0190, C0200/R0330	An meastachán is fearr faoi réir coigeartú luaineachta	Léirigh méid an ollmheastacháin is fearr (R0030) atá faoi réir an choigeartaithe luaineachta, le haghaidh gach réime gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
C0150/R0330	An meastachán is fearr faoi réir coigeartú luaineachta — Iomlán (Árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas aonadnasctha)	Méid iomlán an ollmheastacháin is fearr (R0030) atá faoi réir an choigeartaithe luaineachta, le haghaidh árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas aonadnasctha.
C0210/R0330	An meastachán is fearr faoi réir coigeartú luaineachta — Iomlán (Árachas sláinte cosúil le hárachas saoil)	Méid iomlán an ollmheastacháin is fearr (R0030) atá faoi réir an choigeartaithe luaineachta, le haghaidh árachas sláinte cosúil le hárachas saoil.
C0020, C0030, C0060, C0090, C0100, C0160, C0190, C0200/R0340	Forálacha teicniúla gan coigeartú luaineachta agus gan bearta idirthréimhseacha eile	Léirigh an méid forálacha teicniúla arna ríomh gan an coigeartú luaineachta a áireamh, le haghaidh gach réime gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35. I gcásanna ina raibh na forálacha teicniúla céanna faoi réir na hasbhainte idirthréimhsí ar fhorálacha teicniúla/an choigeartaithe idirthréimhsigh i leith an struchtúir ábhartha téarma agus rátaí úis atá saor ó riosca, léireoidh an méid a thuairiscítear sa mhír seo an luach gan an coigeartú luaineachta agus gan an asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla/an coigeartú idirthréimhseach i leith an struchtúir ábhartha téarma agus rátaí úis atá saor ó riosca a áireamh.

	ÍTIM	TREORACHA
C0150/R0340	Forálacha teicniúla gan coigeartú luaineachta agus gan bearta idirthréimhseacha eile — Iomlán (Árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas aonadnasctha)	Méid iomlán na bhforálacha teicniúla arna ríomh gan an coigeartú luaineachta a áireamh, le haghaidh árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas aonadnasctha. I gcásanna ina raibh na forálacha teicniúla céanna faoi réir na hasbhainte idirthréimhsí ar fhorálacha teicniúla/an choigeartaithe idirthréimhsigh i leith an struchtúir ábhartha téarma agus rátaí úis atá saor ó riosca, léireoidh an méid a thuairiscítear sa mhír seo an luach gan an coigeartú luaineachta agus gan an asbhaint idirthréimhseach ó fhorálacha teicniúla/an coigeartú idirthréimhseach i leith an struchtúir ábhartha téarma agus rátaí úis atá saor ó riosca a áireamh.
C0210/R0340	Forálacha teicniúla gan coigeartú luaineachta agus gan bearta idirthréimhseacha eile — Iomlán (Árachas sláinte cosúil le hárachas saoil)	Méid iomlán na bhforálacha teicniúla arna ríomh gan an coigeartú luaineachta a áireamh, le haghaidh árachas sláinte cosúil le hárachas saoil. I gcásanna ina raibh na forálacha teicniúla céanna faoi réir na hasbhainte idirthréimhsí ar fhorálacha teicniúla/an choigeartaithe idirthréimhsigh i leith an struchtúir ábhartha téarma agus rátaí úis atá saor ó riosca, léireoidh an méid a thuairiscítear sa mhír seo an luach gan an coigeartú luaineachta agus gan an asbhaint idirthréimhseach ó fhorálacha teicniúla/an coigeartú idirthréimhseach i leith an struchtúir ábhartha téarma agus rátaí úis atá saor ó riosca a áireamh.
C0020, C0030, C0060, C0090, C0100, C0160, C0190, C0200/R0350	An meastachán is fearr faoi réir coigeartú meaitseála	Léirigh méid an ollmheastacháin is fearr (R0030) atá faoi réir an choigeartaithe meaitseála, le haghaidh gach réime gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
C0150/R0350	An meastachán is fearr faoi réir coigeartú meaitseála — Iomlán (Árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas aonadnasctha)	Méid iomlán an ollmheastacháin is fearr (R0030) atá faoi réir an choigeartaithe meaitseála, le haghaidh árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas aonadnasctha
C0210/R0350	An meastachán is fearr faoi réir coigeartú meaitseála — Iomlán (Árachas sláinte cosúil le hárachas saoil)	Méid iomlán an ollmheastacháin is fearr (R0030) atá faoi réir an choigeartaithe meaitseála, le haghaidh árachas sláinte cosúil le hárachas saoil
C0020, C0030, C0060, C0090, C0100, C0160, C0190, C0200/R0360	Forálacha teicniúla gan coigeartú meaitseála agus gan na cinn eile ar fad	Léirigh an méid forálacha teicniúla arna ríomh gan an coigeartú meaitseála a áireamh, le haghaidh gach réime gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35. I gcásanna ina raibh na forálacha teicniúla céanna faoi réir na hasbhainte idirthréimhsí ar fhorálacha teicniúla, léireoidh an méid a thuairiscítear sa mhír seo an luach gan an coigeartú meaitseála agus gan an asbhaint idirthréimhseach ó fhorálacha teicniúla a áireamh.
C0150/R0360	Forálacha teicniúla gan coigeartú meaitseála agus gan na cinn eile ar fad — Iomlán (Árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas aonadnasctha)	Méid iomlán na bhforálacha teicniúla arna ríomh gan an coigeartú meaitseála a áireamh, le haghaidh árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas aonadnasctha. I gcásanna ina raibh na forálacha teicniúla céanna faoi réir na hasbhainte idirthréimhsí ar fhorálacha teicniúla, léireoidh an méid a thuairiscítear sa mhír seo an luach gan an coigeartú meaitseála agus gan an asbhaint idirthréimhseach ó fhorálacha teicniúla a áireamh.

	ÍTIM	TREORACHA
C0210/R0360	Forálacha teicniúla gan coigeartú meaitseála agus gan na cinn eile ar fad – Iomlán (Árachas sláinte cosúil le hárachas saoil)	Méid iomlán na bhforálacha teicniúla arna ríomh gan an coigeartú meaitseála a áireamh, le haghaidh árachas sláinte cosúil le hárachas saoil. I gcásanna ina raibh na forálacha teicniúla céanna faoi réir na hasbhainte idirthréimhsí ar fhorálacha teicniúla, léireoidh an méid a thuairiscítear sa mhír seo an luach gan an coigeartú meaitseála agus gan an asbhaint idirthréimhseach ó fhorálacha teicniúla a áireamh.
C0020, C0030, C0060, C0090, C0100, C0160, C0190, C0200/R0370	Brabúis lena bhfuil coinne a áirítear i bpréimheanna amach anseo (EPIFP)	Léirigh méid na mbrabús lena bhfuil coinne i bpréimheanna todhchaí ("EPIFP") i bhfoirm chomhlán, athárachas agus cánacha san áireamh (i.e. gan a dtionchar a mheas), le haghaidh gach réime gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
C0150/R0370	Brabúis lena bhfuil coinne i bpréimheanna todhchaí (EPIFP) — Iomlán (Árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas aonadnasctha)	Méid iomlán na mbrabús lena bhfuil coinne i bpréimheanna todhchaí ("EPIFP") i bhfoirm chomhlán, athárachas agus cánacha san áireamh (i.e. gan a dtionchar a mheas), le haghaidh árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas aonadnasctha.
C0210/R0370	Brabúis lena bhfuil coinne i bpréimheanna todhchaí (EPIFP) — Iomlán (Árachas sláinte cosúil le hárachas saoil)	Méid iomlán na mbrabús lena bhfuil coinne i bpréimheanna todhchaí ("EPIFP") i bhfoirm chomhlán, athárachas agus cánacha san áireamh (i.e. gan a dtionchar a mheas), le haghaidh árachas sláinte cosúil le hárachas saoil.

S.12.02 — Forálacha Teicniúla Árachais Saoil agus Sláinte SLT — de réir tíre

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh eintitis aonair. Níl an teimpléad dlite i gcás nach infheidhme iad na tairseacha le haghaidh tuairisciú de réir tíre a dtugtar tuairisc orthu thíos, i.e. i gcás ina mbaineann 100 % de shuim na bhforálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine agus an ollmheastacháin is fearr leis an tír bhaile. I gcás ina mbeidh an méid sin níos airde ná 90 % ach níos ísle ná 100 %, ní thuairisceofar ach R0010, R0020 agus R0030.

Déanfaidh gnóthais na hoibleagáidí uile in airgeadraí éagsúla a chur san áireamh agus déanfaidh siad iad a chomhshó san airgeadra tuairiscithe.

Déanfar an fhaisnéis de réir tíre a thuairisciú de réir na sonraíochtaí seo a leanas:

a) Tuairisceofar faisnéis maidir leis an tír bhaile i gcónaí gan beann ar mhéid na bhforálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine ná ar mhéid an ollmheastacháin is fearr;

b) An fhaisnéis a thuairiscítear de réir tíre, léireofar léi 90 % de shuim na bhforálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine agus an ollmheastacháin is fearr, ar a laghad, le haghaidh aon réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35;

c) Más gá tír shonrach a thuairisciú le haghaidh réim áirithe ghnó chun fomhír b) a chomhlíonadh, tuairisceofar an tír sin le haghaidh gach réime gnó;

d) Tuairisceofar na tíortha eile i bhfoirm chomhiomlánaithe mar "LEE eile" nó "neamh-LEE eile"

e) I gcás gnó árachais dhírigh, tuairisceofar faisnéis de réir na tíre ina ndearnadh an conradh;

f) Maidir le hárachas comhréireach agus neamhréireach, tuairisceofar faisnéis de réir thír logánaithe an ghnóthais ghéillte.

Chun críocha an teimpléid seo, ciallaíonn "tír ina ndearnadh an conradh":

a) An tír ina bhfuil an gnóthas árachais bunaithe (tír bhaile) i gcás nár díoladh an conradh trí bhrainse nó saoirse chun seirbhísí a sholáthar;

b) An tír ina bhfuil an brainse lonnaithe (tír óstach) i gcás inar díoladh an conradh trí bhrainse;

c) An tír inar tugadh fógra faoin tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar (tír óstach) i gcás inar díoladh an conradh trí shaoirse chun seirbhísí a sholáthar.

d) I gcás ina n-úsáidtear idirghabhálaí nó in aon chás eile, is a), b) nó c) atá ann ag brath ar cé a dhíol an conradh.

Is é luach absalóideach na bhforálacha teicniúla diúltacha ar leibhéal na réime gnó nó na dtíortha a mheasfar chun ábharthacht na dtairseach thuas a ríomh.

San fhaisnéis atá le tuairisciú áireofar an coigeartú luaineachta, an coigeartú meaitseála, an coigeartú idirthréimhseach i leith an struchtúir ábhartha téarma agus rátaí úis atá saor ó riosca agus an asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla.

Forálacha teicniúla comhlána arna ríomh ina n-iomláine agus an t-ollmheastachán is fearr le haghaidh tíortha éagsúla

	MÍR	TREORACHA
C0010/R0040, …	Tíortha laistigh den tairseach ábharthachta	Tuairiscigh cód ISO 3166–1 alfa–2 de chuid na tíre chun na tíortha atá laistigh den tairseach ábharthachta a shainaithint
C0020, C0030, C0060, C0090, C0100, C0160, C0190, C0200,/R0010	Forálacha teicniúla comhlána arna ríomh ina n-iomláine agus an t-ollmheastachán is fearr le haghaidh tíortha éagsúla — Tír bhaile	Méid na bhforálacha teicniúla comhlána arna ríomh ina n-iomláine agus an ollmheastacháin is fearr de réir na tíre ina ndearnadh an conradh nó de réir thír logánaithe an ghnóthais ghéillte, i gcás inarb í an tír bhaile an tír, le haghaidh gach réime gnó agus méideanna iomlána le haghaidh árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas aonadnasctha agus árachas sláinte atá cosúil le árachas saoil.
C0020, C0030, C0060, C0090, C0100, C0160, C0190, C0200,/R0020	Forálacha teicniúla comhlána arna ríomh ina n-iomláine agus an t-ollmheastachán is fearr le haghaidh tíortha éagsúla — Tíortha LEE lasmuigh den tairseach ábharthachta — gan bheith tuairiscithe de réir tíre	Méid na bhforálacha teicniúla comhlána arna ríomh ina n-iomláine agus an ollmheastacháin is fearr, le haghaidh thíortha LEE atá lasmuigh den tairseach ábharthachta (i.e. iad siúd nach dtuairiscítear ar leithligh de réir tíre), ach amháin an tír bhaile, le haghaidh gach réime gnó agus méideanna iomlána le haghaidh árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas aonadnasctha agus árachas sláinte atá cosúil le árachas saoil.
C0020, C0030, C0060, C0090, C0100, C0160, C0190, C0200,/R0030	Forálacha teicniúla comhlána arna ríomh ina n-iomláine agus an t-ollmheastachán is fearr le haghaidh tíortha éagsúla — Tíortha neamh-LEE atá lasmuigh den tairseach ábharthachta — gan bheith tuairiscithe de réir tíre	Méid na bhforálacha teicniúla comhlána arna ríomh ina n-iomláine agus an ollmheastacháin is fearr, le haghaidh thíortha neamh-LEE atá lasmuigh den tairseach ábharthachta (i.e. iad siúd nach dtuairiscítear ar leithligh de réir tíre), ach amháin an tír bhaile, le haghaidh gach réime gnó agus méideanna iomlána le haghaidh árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas aonadnasctha agus árachas sláinte atá cosúil le árachas saoil.
C0020, C0030, C0060, C0090, C0100,, C0160, C0190, C0200,/R0040, …	Forálacha teicniúla comhlána arna ríomh ina n-iomláine agus an t-ollmheastachán is fearr le haghaidh tíortha éagsúla — Tír 1 [ró amháin le haghaidh gach tíre laistigh den tairseach ábharthachta]	Méid na bhforálacha teicniúla comhlána arna ríomh ina n-iomláine agus an ollmheastacháin is fearr de réir na tíre ina ndearnadh an conradh nó de réir thír logánaithe an ghnóthais ghéillte, le haghaidh gach ceann de na tíortha laistigh den tairseach ábharthachta, ach amháin an tír bhaile, le haghaidh gach réime gnó agus méideanna iomlána le haghaidh árachas saoil seachas árachas sláinte, lena n-áirítear árachas aonadnasctha agus árachas sláinte atá cosúil le árachas saoil.

S.13.01 — Réamh-mheastachán maidir le sreabhadh airgid todhchaí roimh chánachas (An meastachán is fearr – árachas saoil)

Barúlacha ginearálta:

Baineann an chuid seo d'Iarscríbhinn II leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh eintitis aonair.

Ní áireofar sa teimpléad seo ach faisnéis i ndáil leis na meastacháin is fearr. Tá an sreabhadh airgid le tuairisciú i bhfoirm chomhlán, athárachas san áireamh agus neamhlascainithe.

Is féidir réamh-mheastacháin maidir le sreabhadh airgid, amhail cásanna lárnacha, a úsáid toisc nach gceanglaítear aon réiteach foirfe le ríomh an mheastacháin is fearr. Féadfaidh gnóthais cineálacha éagsúla cur chuige a leanúint chun sochair lánroghnacha todhchaí a shainaithint, e.g. an cás coibhéise cinnteachta a úsáid nó meán a úsáid ar fud na gcásanna uile a mheastar. Má tá sé deacair réamh-mheastachán a dhéanamh ar shreabhadh airgid todhchaí áirithe, amhail sochair lánroghnacha todhchaí comhchoiteanna; tuairisceoidh an gnóthas an sreabhadh airgid a úsáideann sé go héifeachtach chun an meastachán is fearr a ríomh. Sampla eile de réamh-mheastachán casta is ea conarthaí athárachais lena gcumhdaítear réimeanna iomadúla gnó. Sa chás sin, ba cheart leithdháileadh an tsreabhaidh airgid athárachais de réir réim ghnó a bheith comhsheasmhach leis an gcur chuige a leantar chun méideanna in-aisghabhála árachais a dhíchuachadh de réir réim ghnó.

Déanfar an sreabhadh airgid uile in airgeadraí éagsúla a mheas agus a chomhshó san airgeadra tuairiscithe ag úsáid an ráta malairte eachtraí ar an dáta maidir le tuairisciú

Sa chás go mbaineann an gnóthas úsáid as simplithe chun forálacha teicniúla a ríomh, nach ríomhtar meastachán lena n-aghaidh maidir leis an sreabhadh airgid todhchaí a bhfuil coinne lena eascairt as na conarthaí, ní thuairisceofar an fhaisnéis.

	MÍR	TREORACHA
C0011/R0010–R0330	Sreabhadh airgid todhchaí a úsáidtear sa mheastachán is fearr, árachas lena ngabhann roinnt an bhrabúis (comhlán), eis-sreabhadh airgid — Sochair ráthaithe todhchaí	Méid an tsreabhaidh airgid neamhlascainithe lena bhfuil coinne le haghaidh gach bliana ó bhliain 1 go bliain 30, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 31 go bliain 40, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 41 go bliain 50 agus arna chomhiomlánú le haghaidh na mblianta uile i ndiaidh bhliain 50. Is é an sreabhadh airgid an ceann a eascraíonn as sochair ráthaithe todhchaí maidir le réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, Árachas lena ngabhann roinnt an bhrabúis.
C0015/R0010-R0330	Sreabhadh airgid todhchaí a úsáidtear sa mheastachán is fearr, árachas lena ngabhann roinnt an bhrabúis (comhlán), eis-sreabhadh airgid — Sochair lánroghnacha todhchaí	Méid an tsreabhaidh airgid neamhlascainithe lena bhfuil coinne le haghaidh gach bliana ó bhliain 1 go bliain 30, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 31 go bliain 40, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 41 go bliain 50 agus arna chomhiomlánú le haghaidh na mblianta uile i ndiaidh bhliain 50. Is é an sreabhadh airgid an ceann a eascraíonn as sochair lánroghnacha todhchaí maidir le réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, Árachas lena ngabhann roinnt an bhrabúis.
C0020/R0010–R0330	Sreabhadh airgid todhchaí a úsáidtear sa mheastachán is fearr, árachas lena ngabhann roinnt an bhrabúis (comhlán), eis-sreabhadh airgid — Costais todhchaí agus eis-sreabhadh airgid eile	Méid an tsreabhaidh airgid neamhlascainithe lena bhfuil coinne le haghaidh gach bliana ó bhliain 1 go bliain 30, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 31 go bliain 40, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 41 go bliain 50 agus arna chomhiomlánú le haghaidh na mblianta uile i ndiaidh bhliain 50. Is é an sreabhadh airgid an ceann a bhaineann le costais a thabhófar nuair a bheidh oibleagáidí árachais agus athárachais á seirbhísiú, agus míreanna eis-sreabhaidh airgid eile amhail íocaíochtaí cánachais a mhuirearaítear ar shealbhóirí polasaí, nó a bhfuil coinne lena muirearú orthu, nó a cheanglaítear chun na hoibleagáidí árachais a shocrú, le haghaidh réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, Árachas lena ngabhann roinnt an bhrabúis. Áireofar ann freisin eis-sreabhadh airgid ó chonarthaí árachais neamhshaoil a athróidh go Blianachtaí ach nach bhfuil socraithe go foirmiúil go fóill mar Bhlianachtaí, agus lena ndéileáiltear laistigh den chuideachta chéanna.
C0030/R0010–R0330	Sreabhadh airgid todhchaí a úsáidtear sa mheastachán is fearr, árachas lena ngabhann roinnt an bhrabúis (comhlán), insreabhadh airgid — Préimheanna todhchaí	Méid an tsreabhaidh airgid neamhlascainithe lena bhfuil coinne le haghaidh gach bliana ó bhliain 1 go bliain 30, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 31 go bliain 40, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 41 go bliain 50 agus arna chomhiomlánú le haghaidh na mblianta uile i ndiaidh bhliain 50. Is é an sreabhadh airgid an ceann a eascraíonn as préimheanna todhchaí agus aon sreabhadh airgid breise a eascraíonn as na préimheanna sin, le haghaidh réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, Árachas lena ngabhann roinnt an bhrabúis.
C0040/R0010–R0330	Sreabhadh airgid todhchaí a úsáidtear sa mheastachán is fearr, árachas lena ngabhann roinnt an bhrabúis (comhlán), insreabhadh airgid — Insreabhadh airgid eile	Méid an tsreabhaidh airgid neamhlascainithe lena bhfuil coinne le haghaidh gach bliana ó bhliain 1 go bliain 30, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 31 go bliain 40, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 41 go bliain 50 agus arna chomhiomlánú le haghaidh na mblianta uile i ndiaidh bhliain 50. Is é an sreabhadh airgid an ceann nach n-áirítear i bpréimheanna todhchaí agus nach n-áirítear torthaí infheistíochta leis, le haghaidh réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, Árachas lena ngabhann roinnt an bhrabúis.

	MÍR	TREORACHA
C0045/R0010-R0330	Sreabhadh airgid todhchaí a úsáidtear sa mheastachán is fearr, árachas lena ngabhann roinnt an bhrabúis (comhlán), sreabhadh airgid — An méid in-aisghabhála iomlán ó athárachas (i ndiaidh an choigeartaithe)	Méid an tsreabhaidh airgid neamhlascainithe lena bhfuil coinne le haghaidh gach bliana ó bhliain 1 go bliain 30, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 31 go bliain 40, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 41 go bliain 50 agus arna chomhiomlánú le haghaidh na mblianta uile i ndiaidh bhliain 50. An sreabhadh airgid todhchaí neamhlascainithe ó mhéideanna in-aisghabhála ó athárachas agus ó mheáin athárachais shainchuspóirigh/athárachas finideach, lena n-áirítear athárachas inghrúpa géillte, lena n-áirítear préimheanna athárachais todhchaí. Tuairisceofar an méid glan ón gcoigeartú i leith riosca mainneachtana contrapháirtí.
C0051/R0010–R0330	Sreabhadh airgid todhchaí a úsáidtear sa mheastachán is fearr, árachas innéacsnasctha agus aonadnasctha (comhlán), eis-sreabhadh airgid — Sochair ráthaithe todhchaí	Méid an tsreabhaidh airgid neamhlascainithe lena bhfuil coinne le haghaidh gach bliana ó bhliain 1 go bliain 30, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 31 go bliain 40, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 41 go bliain 50 agus arna chomhiomlánú le haghaidh na mblianta uile i ndiaidh bhliain 50. Is é an sreabhadh airgid an ceann a eascraíonn as sochair ráthaithe todhchaí maidir le réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, Árachas innéacsnasctha agus aonadnasctha.
C0055/R0010-R0330	Sreabhadh airgid todhchaí a úsáidtear sa Mheastachán is fearr, Árachas innéacsnasctha agus aonadnasctha (comhlán), Eis-sreabhadh airgid — Sochair lánroghnacha todhchaí	Méid an tsreabhaidh airgid neamhlascainithe lena bhfuil coinne le haghaidh gach bliana ó bhliain 1 go bliain 30, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 31 go bliain 40, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 41 go bliain 50 agus arna chomhiomlánú le haghaidh na mblianta uile i ndiaidh bhliain 50. Is é an sreabhadh airgid an ceann a eascraíonn as sochair lánroghnacha todhchaí maidir le réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, Árachas innéacsnasctha agus aonadnasctha.
C0060/R0010–R0330	Sreabhadh airgid todhchaí a úsáidtear sa mheastachán is fearr, árachas innéacsnasctha agus aonadnasctha (comhlán), eis-sreabhadh airgid — Costais todhchaí agus eis-sreabhadh airgid eile	Méid an tsreabhaidh airgid neamhlascainithe lena bhfuil coinne le haghaidh gach bliana ó bhliain 1 go bliain 30, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 31 go bliain 40, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 41 go bliain 50 agus arna chomhiomlánú le haghaidh na mblianta uile i ndiaidh bhliain 50. Is é an sreabhadh airgid an ceann a bhaineann le costais a thabhófar nuair a bheidh oibleagáidí árachais agus athárachais á seirbhísiú, agus míreanna eis-sreabhaidh airgid eile amhail íocaíochtaí cánachais a mhuirearaítear ar shealbhóirí polasaí, nó a bhfuil coinne lena muirearú orthu, nó a cheanglaítear chun na hoibleagáidí árachais a shocrú, maidir le réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, Árachas innéacsnasctha agus aonadnasctha. Áireofar ann freisin eis-sreabhadh airgid ó chonarthaí árachais neamhshaoil a athróidh go Blianachtaí ach nach bhfuil socraithe go foirmiúil go fóill mar Bhlianachtaí, agus lena ndéileáiltear laistigh den chuideachta chéanna.
C0070/R0010–R0330	Sreabhadh airgid todhchaí a úsáidtear sa mheastachán is fearr, árachas innéacsnasctha agus aonadnasctha (comhlán), insreabhadh airgid — Préimheanna todhchaí	Méid an tsreabhaidh airgid neamhlascainithe lena bhfuil coinne le haghaidh gach bliana ó bhliain 1 go bliain 30, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 31 go bliain 40, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 41 go bliain 50 agus arna chomhiomlánú le haghaidh na mblianta uile i ndiaidh bhliain 50. Is é an sreabhadh airgid an ceann a eascraíonn as préimheanna todhchaí agus aon sreabhadh airgid breise a leanann as na préimheanna sin, maidir le réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, Árachas innéacsnasctha agus aonadnasctha.

	MÍR	TREORACHA
C0080/R0010–R0330	Sreabhadh airgid todhchaí a úsáidtear sa mheastachán is fearr, árachas innéacsnasctha agus aonadnasctha (comhlán), insreabhadh airgid — Insreabhadh airgid eile	Méid an tsreabhaidh airgid neamhlascainithe lena bhfuil coinne le haghaidh gach bliana ó bhliain 1 go bliain 30, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 31 go bliain 40, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 41 go bliain 50 agus arna chomhiomlánú le haghaidh na mblianta uile i ndiaidh bhliain 50. Is é an sreabhadh airgid an ceann nach n-áirítear i bpréimheanna todhchaí agus nach n-áirítear torthaí infheistíochta leis, maidir le réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, Árachas innéacsnasctha agus aonadnasctha.
C0085/R0010-R0330	Sreabhadh airgid todhchaí a úsáidtear sa mheastachán is fearr, árachas innéacsnasctha agus aonadnasctha (comhlán), sreabhadh airgid — An méid in-aisghabhála iomlán ó athárachas (i ndiaidh na gcoigeartuithe)	Méid an tsreabhaidh airgid neamhlascainithe lena bhfuil coinne le haghaidh gach bliana ó bhliain 1 go bliain 30, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 31 go bliain 40, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 41 go bliain 50 agus arna chomhiomlánú le haghaidh na mblianta uile i ndiaidh bhliain 50. An sreabhadh airgid todhchaí neamhlascainithe ó mhéideanna in-aisghabhála ó athárachas agus ó mheáin athárachais shainchuspóirigh/athárachas finideach, lena n-áirítear athárachas inghrúpa géillte, lena n-áirítear préimheanna athárachais todhchaí. Tuairisceofar an méid glan ón gcoigeartú i leith riosca mainneachtana contrapháirtí.
C0091/R0010–R0330	Sreabhadh airgid todhchaí a úsáidtear sa mheastachán is fearr, árachas saoil eile (comhlán), eis-sreabhadh airgid — Sochair ráthaithe todhchaí	Méid an tsreabhaidh airgid neamhlascainithe lena bhfuil coinne le haghaidh gach bliana ó bhliain 1 go bliain 30, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 31 go bliain 40, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 41 go bliain 50 agus arna chomhiomlánú le haghaidh na mblianta uile i ndiaidh bhliain 50. Is é an sreabhadh airgid an ceann a eascraíonn as sochair ráthaithe todhchaí maidir le réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, Árachas saoil eile.
C0095/R0010-R0330	Sreabhadh airgid todhchaí a úsáidtear sa mheastachán is fearr, árachas saoil eile (comhlán), eis-sreabhadh airgid — Sochair lánroghnacha todhchaí	Méid an tsreabhaidh airgid neamhlascainithe lena bhfuil coinne le haghaidh gach bliana ó bhliain 1 go bliain 30, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 31 go bliain 40, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 41 go bliain 50 agus arna chomhiomlánú le haghaidh na mblianta uile i ndiaidh bhliain 50. Is é an sreabhadh airgid an ceann a eascraíonn as sochair lánroghnacha todhchaí maidir le réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, Árachas saoil eile (comhlán).
C0100/R0010–R0330	Sreabhadh airgid todhchaí a úsáidtear sa mheastachán is fearr, árachas saoil eile (comhlán), eis-sreabhadh airgid — Costais todhchaí agus eis-sreabhadh airgid eile	Méid an tsreabhaidh airgid neamhlascainithe lena bhfuil coinne le haghaidh gach bliana ó bhliain 1 go bliain 30, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 31 go bliain 40, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 41 go bliain 50 agus arna chomhiomlánú le haghaidh na mblianta uile i ndiaidh bhliain 50. Is é an sreabhadh airgid an ceann a bhaineann le costais a thabhófar nuair a bheidh oibleagáidí árachais agus athárachais á seirbhísiú, agus míreanna eis-sreabhaidh airgid eile amhail íocaíochtaí cánachais a mhuirearaítear ar shealbhóirí polasaí, nó a bhfuil coinne lena muirearú orthu, nó a cheanglaítear chun na hoibleagáidí árachais a shocrú, maidir le réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, Árachas saoil eile. Áireofar ann freisin eis-sreabhadh airgid ó chonarthaí árachais neamhshaoil a athróidh go Blianachtaí ach nach bhfuil socraithe go foirmiúil go fóill mar Bhlianachtaí, agus lena ndéileáiltear laistigh den chuideachta chéanna.
C0110/R0010–R0330	Sreabhadh airgid todhchaí a úsáidtear sa mheastachán is fearr, árachas saoil eile (comhlán), insreabhadh airgid — Préimheanna todhchaí	Méid an tsreabhaidh airgid neamhlascainithe lena bhfuil coinne le haghaidh gach bliana ó bhliain 1 go bliain 30, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 31 go bliain 40, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 41 go bliain 50 agus arna chomhiomlánú le haghaidh na mblianta uile i ndiaidh bhliain 50. Is é an sreabhadh airgid an ceann a eascraíonn as préimheanna todhchaí agus aon sreabhadh airgid breise a leanann as na préimheanna sin, maidir le réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, Árachas saoil eile.

	MÍR	TREORACHA
C0120/R0010–R0330	Sreabhadh airgid todhchaí a úsáidtear sa mheastachán is fearr, árachas saoil eile (comhlán), insreabhadh airgid — Insreabhadh airgid eile	Méid an tsreabhaidh airgid neamhlascainithe lena bhfuil coinne le haghaidh gach bliana ó bhliain 1 go bliain 30, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 31 go bliain 40, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 41 go bliain 50 agus arna chomhiomlánú le haghaidh na mblianta uile i ndiaidh bhliain 50. Is é an sreabhadh airgid an ceann nach n-áirítear i bpréimheanna todhchaí agus nach n-áirítear torthaí infheistíochta leis, maidir le réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, Árachas saoil eile.
C0125/R0010–R0330	Sreabhadh airgid todhchaí a úsáidtear sa mheastachán is fearr, árachas saoil eile (comhlán), sreabhadh airgid — An méid in-aisghabhála iomlán ó athárachas (i ndiaidh an choigeartaithe)	Méid an tsreabhaidh airgid neamhlascainithe lena bhfuil coinne le haghaidh gach bliana ó bhliain 1 go bliain 30, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 31 go bliain 40, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 41 go bliain 50 agus arna chomhiomlánú le haghaidh na mblianta uile i ndiaidh bhliain 50. An sreabhadh airgid todhchaí neamhlascainithe ó mhéideanna in-aisghabhála ó athárachas agus ó mheáin athárachais shainchuspóirigh/athárachas finideach, lena n-áirítear athárachas inghrúpa géillte, lena n-áirítear préimheanna athárachais todhchaí. Tuairisceofar an méid glan ón gcoigeartú i leith riosca mainneachtana contrapháirtí.
C0131/R0010–R0330	Sreabhadh airgid todhchaí a úsáidtear sa mheastachán is fearr, blianachtaí a eascraíonn as conarthaí árachais neamhshaoil (comhlán), eis-sreabhadh airgid — Sochair ráthaithe todhchaí	Méid an tsreabhaidh airgid neamhlascainithe lena bhfuil coinne le haghaidh gach bliana ó bhliain 1 go bliain 30, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 31 go bliain 40, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 41 go bliain 50 agus arna chomhiomlánú le haghaidh na mblianta uile i ndiaidh bhliain 50. Is é an sreabhadh airgid an ceann a eascraíonn as sochair ráthaithe todhchaí maidir le réimeanna gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, Blianachtaí a eascraíonn as conarthaí árachais neamhshaoil maidir le hoibleagáidí árachais, lena n-áirítear oibleagáidí árachais sláinte. Ní áireofar ann eis-sreabhadh airgid ó chonarthaí árachais neamhshaoil a athróidh go blianachtaí ach nach bhfuil socraithe go foirmiúil go fóill mar bhlianachtaí.
C0135/R0010–R0330	Sreabhadh airgid todhchaí a úsáidtear sa mheastachán is fearr, blianachtaí a eascraíonn as conarthaí árachais neamhshaoil (comhlán), eis-sreabhadh airgid — Sochair lánroghnacha todhchaí	Méid an tsreabhaidh airgid neamhlascainithe lena bhfuil coinne le haghaidh gach bliana ó bhliain 1 go bliain 30, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 31 go bliain 40, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 41 go bliain 50 agus arna chomhiomlánú le haghaidh na mblianta uile i ndiaidh bhliain 50. Is é an sreabhadh airgid an ceann a eascraíonn as sochair lánroghnacha todhchaí maidir le réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, Blianachtaí a eascraíonn as conarthaí árachais neamhshaoil (comhlán).
C0140/R0010–R0330	Sreabhadh airgid todhchaí a úsáidtear sa mheastachán is fearr, blianachtaí a eascraíonn as conarthaí neamhshaoil (comhlán), eis-sreabhadh airgid — Costais todhchaí agus eis-sreabhadh airgid eile	Méid an tsreabhaidh airgid neamhlascainithe lena bhfuil coinne le haghaidh gach bliana ó bhliain 1 go bliain 30, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 31 go bliain 40, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 41 go bliain 50 agus arna chomhiomlánú le haghaidh na mblianta uile i ndiaidh bhliain 50. Is é an sreabhadh airgid an ceann a bhaineann le costais a thabhófar nuair a bheidh oibleagáidí árachais agus athárachais á seirbhísiú, agus míreanna eis-sreabhaidh airgid eile amhail íocaíochtaí cánachais a mhuirearaítear ar shealbhóirí polasaí, nó a bhfuil coinne lena muirearú orthu, nó a cheanglaítear chun na hoibleagáidí árachais a shocrú, maidir le réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, Blianachtaí a eascraíonn as conarthaí árachais neamhshaoil maidir le hoibleagáidí árachais, lena n-áirítear oibleagáidí árachais sláinte. Ní áireofar ann eis-sreabhadh airgid ó chonarthaí árachais neamhshaoil nach bhfuil socraithe go foirmiúil go fóill mar bhlianachtaí agus a athróidh go blianachtaí agus lena ndéileáiltear laistigh den chuideachta chéanna.

	MÍR	TREORACHA
C0150/R0010–R0330	Sreabhadh airgid todhchaí a úsáidtear sa mheastachán is fearr, blianachtaí a eascraíonn as conarthaí árachais neamhshaoil (comhlán), insreabhadh airgid — Préimheanna todhchaí	Méid an tsreabhaidh airgid neamhlascainithe lena bhfuil coinne le haghaidh gach bliana ó bhliain 1 go bliain 30, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 31 go bliain 40, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 41 go bliain 50 agus arna chomhiomlánú le haghaidh na mblianta uile i ndiaidh bhliain 50. Is é an sreabhadh airgid an ceann a eascraíonn as préimheanna todhchaí agus aon sreabhadh airgid breise a leanann as na préimheanna sin, maidir le réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, Blianachtaí a eascraíonn as conarthaí árachais neamhshaoil maidir le hoibleagáidí árachais, lena n-áirítear oibleagáidí árachais sláinte.
C0160/R0010–R0330	Sreabhadh airgid todhchaí a úsáidtear sa mheastachán is fearr, blianachtaí a eascraíonn as conarthaí árachais neamhshaoil (comhlán), insreabhadh airgid — Insreabhadh airgid eile	Méid an tsreabhaidh airgid neamhlascainithe lena bhfuil coinne le haghaidh gach bliana ó bhliain 1 go bliain 30, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 31 go bliain 40, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 41 go bliain 50 agus arna chomhiomlánú le haghaidh na mblianta uile i ndiaidh bhliain 50. Is é an sreabhadh airgid an ceann nach n-áirítear i bpréimheanna todhchaí agus nach n-áirítear torthaí infheistíochta leis, maidir le réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, Blianachtaí a eascraíonn as conarthaí árachais neamhshaoil maidir le hoibleagáidí árachais, lena n-áirítear oibleagáidí árachais sláinte.
C0165/R0010–R0330	Sreabhadh airgid todhchaí a úsáidtear sa mheastachán is fearr, blianachtaí a eascraíonn as conarthaí árachais neamhshaoil (comhlán), sreabhadh airgid — Na méideanna in-aisghabhála iomlána ó athárachas (i ndiaidh an choigeartaithe)	Méid an tsreabhaidh airgid neamhlascainithe lena bhfuil coinne le haghaidh gach bliana ó bhliain 1 go bliain 30, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 31 go bliain 40, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 41 go bliain 50 agus arna chomhiomlánú le haghaidh na mblianta uile i ndiaidh bhliain 50. An sreabhadh airgid todhchaí neamhlascainithe ó mhéideanna in-aisghabhála ó athárachas agus ó mheáin athárachais shainchuspóirigh/athárachas finideach, lena n-áirítear athárachas inghrúpa géillte, lena n-áirítear préimheanna athárachais todhchaí. Tuairisceofar an méid glan ón gcoigeartú i leith riosca mainneachtana contrapháirtí.
C0171/R0010–R0330	Sreabhadh airgid todhchaí a úsáidtear sa mheastachán is fearr, athárachas glactha (comhlán), eis-sreabhadh airgid — Sochair ráthaithe todhchaí	Méid an tsreabhaidh airgid neamhlascainithe lena bhfuil coinne le haghaidh gach bliana ó bhliain 1 go bliain 30, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 31 go bliain 40, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 41 go bliain 50 agus arna chomhiomlánú le haghaidh na mblianta uile i ndiaidh bhliain 50. Is é an sreabhadh airgid an ceann a eascraíonn as sochair ráthaithe todhchaí maidir le réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, Athárachas glactha.
C0175/R0010–R0330	Sreabhadh airgid todhchaí a úsáidtear sa mheastachán is fearr, athárachas glactha (comhlán), eis-sreabhadh airgid — Sochair lánroghnacha todhchaí	Méid an tsreabhaidh airgid neamhlascainithe lena bhfuil coinne le haghaidh gach bliana ó bhliain 1 go bliain 30, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 31 go bliain 40, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 41 go bliain 50 agus arna chomhiomlánú le haghaidh na mblianta uile i ndiaidh bhliain 50. Is é an sreabhadh airgid an ceann a eascraíonn as sochair lánroghnacha todhchaí maidir le réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, Athárachas glactha.
C0180/R0010–R0330	Sreabhadh airgid todhchaí a úsáidtear sa mheastachán is fearr, Athárachas glactha (comhlán), Eis-sreabhadh airgid — Costais todhchaí agus eis-sreabhadh airgid eile	Méid an tsreabhaidh airgid neamhlascainithe lena bhfuil coinne le haghaidh gach bliana ó bhliain 1 go bliain 30, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 31 go bliain 40, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 41 go bliain 50 agus arna chomhiomlánú le haghaidh na mblianta uile i ndiaidh bhliain 50. Is é an sreabhadh airgid an ceann a bhaineann le costais a thabhófar nuair a bheidh oibleagáidí árachais agus athárachais á seirbhísiú, agus míreanna eis-sreabhaidh airgid eile amhail íocaíochtaí cánachais a mhuirearaítear ar shealbhóirí polasaí, nó a bhfuil coinne lena muirearú orthu, nó a cheanglaítear chun na hoibleagáidí árachais a shocrú, maidir le réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, Athárachas glactha.

	MÍR	TREORACHA
		Áireofar ann freisin eis-sreabhadh airgid ó chonarthaí árachais neamhshaoil a athróidh go Blianachtaí ach nach bhfuil socraithe go foirmiúil go fóill mar Bhlianachtaí, agus lena ndéileáiltear laistigh den chuideachta chéanna.
C0190/R0010–R0330	Sreabhadh airgid todhchaí a úsáidtear sa mheastachán is fearr, Athárachas glactha (comhlán), Insreabhadh airgid — Préimheanna todhchaí	Méid an tsreabhaidh airgid neamhlascainithe lena bhfuil coinne le haghaidh gach bliana ó bhliain 1 go bliain 30, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 31 go bliain 40, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 41 go bliain 50 agus arna chomhiomlánú le haghaidh na mblianta uile i ndiaidh bhliain 50. Is é an sreabhadh airgid an ceann a eascraíonn as préimheanna todhchaí agus aon sreabhadh airgid breise a leanann as na préimheanna sin, maidir le réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, Athárachas glactha.
C0200/R0010–R0330	Sreabhadh airgid todhchaí a úsáidtear sa mheastachán is fearr, athárachas glactha (comhlán), insreabhadh airgid — Insreabhadh airgid eile	Méid an tsreabhaidh airgid neamhlascainithe lena bhfuil coinne le haghaidh gach bliana ó bhliain 1 go bliain 30, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 31 go bliain 40, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 41 go bliain 50 agus arna chomhiomlánú le haghaidh na mblianta uile i ndiaidh bhliain 50. Is é an sreabhadh airgid an ceann nach n-áirítear i bpréimheanna todhchaí agus nach n-áirítear torthaí infheistíochta leis, maidir le réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, Athárachas glactha.
C0205/R0010–R0330	Sreabhadh airgid todhchaí a úsáidtear sa mheastachán is fearr, athárachas glactha (comhlán), sreabhadh airgid — An méid in-aisghabhála iomlán ó athárachas (i ndiaidh an choigeartaithe)	Méid an tsreabhaidh airgid neamhlascainithe lena bhfuil coinne le haghaidh gach bliana ó bhliain 1 go bliain 30, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 31 go bliain 40, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 41 go bliain 50 agus arna chomhiomlánú le haghaidh na mblianta uile i ndiaidh bhliain 50. An sreabhadh airgid todhchaí neamhlascainithe ó mhéideanna in-aisghabhála ó athárachas agus ó mheáin athárachais shainchuspóirigh/athárachas finideach, lena n-áirítear athárachas inghrúpa géillte, lena n-áirítear préimheanna athárachais todhchaí. Tuairisceofar an méid glan ón gcoigeartú i leith riosca mainneachtana contrapháirtí.
C0211/R0010–R0330	Sreabhadh airgid todhchaí a úsáidtear sa mheastachán is fearr, árachas sláinte (comhlán), eis-sreabhadh airgid — Sochair ráthaithe todhchaí	Méid an tsreabhaidh airgid neamhlascainithe lena bhfuil coinne le haghaidh gach bliana ó bhliain 1 go bliain 30, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 31 go bliain 40, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 41 go bliain 50 agus arna chomhiomlánú le haghaidh na mblianta uile i ndiaidh bhliain 50. Is é an sreabhadh airgid an ceann a eascraíonn as sochair ráthaithe todhchaí maidir le réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, Árachas sláinte.
C0215/R0010–R0330	Sreabhadh airgid todhchaí a úsáidtear sa mheastachán is fearr, árachas sláinte (comhlán), eis-sreabhadh airgid — Sochair lánroghnacha todhchaí	Méid an tsreabhaidh airgid neamhlascainithe lena bhfuil coinne le haghaidh gach bliana ó bhliain 1 go bliain 30, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 31 go bliain 40, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 41 go bliain 50 agus arna chomhiomlánú le haghaidh na mblianta uile i ndiaidh bhliain 50. Is é an sreabhadh airgid an ceann a eascraíonn as sochair lánroghnacha todhchaí maidir le réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, Árachas sláinte (comhlán).
C0220/R0010–R0330	Sreabhadh airgid todhchaí a úsáidtear sa mheastachán is fearr, árachas sláinte (comhlán), eis-sreabhadh airgid — Costais todhchaí agus eis-sreabhadh airgid eile	Méid an tsreabhaidh airgid neamhlascainithe lena bhfuil coinne le haghaidh gach bliana ó bhliain 1 go bliain 30, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 31 go bliain 40, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 41 go bliain 50 agus arna chomhiomlánú le haghaidh na mblianta uile i ndiaidh bhliain 50. Is é an sreabhadh airgid an ceann a bhaineann le costais a thabhófar nuair a bheidh oibleagáidí árachais agus athárachais á seirbhísiú, agus míreanna eis-sreabhaidh airgid eile amhail íocaíochtaí cánachais a mhuirearaítear ar shealbhóirí polasaí, nó a bhfuil coinne lena muirearú orthu, nó a cheanglaítear chun na hoibleagáidí árachais a shocrú, maidir le réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, Árachas sláinte.

	MÍR	TREORACHA
C0230/R0010–R0330	Sreabhadh airgid todhchaí a úsáidtear sa mheastachán is fearr, árachas sláinte (comhlán), insreabhadh airgid — Préimheanna todhchaí	Méid an tsreabhaidh airgid neamhlascainithe lena bhfuil coinne le haghaidh gach bliana ó bhliain 1 go bliain 30, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 31 go bliain 40, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 41 go bliain 50 agus arna chomhiomlánú le haghaidh na mblianta uile i ndiaidh bhliain 50. Is é an sreabhadh airgid an ceann a eascraíonn as préimheanna todhchaí agus aon sreabhadh airgid breise a leanann as na préimheanna sin, maidir le réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, Árachas sláinte.
C0240/R0010–R0330	Sreabhadh airgid todhchaí a úsáidtear sa mheastachán is fearr, árachas sláinte (comhlán), insreabhadh airgid — Insreabhadh airgid eile	Méid an tsreabhaidh airgid neamhlascainithe lena bhfuil coinne le haghaidh gach bliana ó bhliain 1 go bliain 30, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 31 go bliain 40, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 41 go bliain 50 agus arna chomhiomlánú le haghaidh na mblianta uile i ndiaidh bhliain 50. Is é an sreabhadh airgid an ceann nach n-áirítear i bpréimheanna todhchaí agus nach n-áirítear torthaí infheistíochta leis, maidir le réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, Árachas sláinte.
C0245/R0010–R0330	Sreabhadh airgid todhchaí a úsáidtear sa mheastachán is fearr, árachas sláinte (comhlán), sreabhadh airgid — An méid in-aisghabhála iomlán ó athárachas (i ndiaidh an choigeartaithe)	Méid an tsreabhaidh airgid neamhlascainithe lena bhfuil coinne le haghaidh gach bliana ó bhliain 1 go bliain 30, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 31 go bliain 40, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 41 go bliain 50 agus arna chomhiomlánú le haghaidh na mblianta uile i ndiaidh bhliain 50. An sreabhadh airgid todhchaí neamhlascainithe ó mhéideanna in-aisghabhála ó athárachas agus ó mheáin athárachais shainchuspóirigh/athárachas finideach, lena n-áirítear athárachas inghrúpa géillte, lena n-áirítear préimheanna athárachais todhchaí. Tuairisceofar an méid glan ón gcoigeartú i leith riosca mainneachtana contrapháirtí.
C0251/R0010–R0330	Sreabhadh airgid todhchaí a úsáidtear sa mheastachán is fearr, athárachas sláinte (comhlán), eis-sreabhadh airgid — Sochair ráthaithe todhchaí	Méid an tsreabhaidh airgid neamhlascainithe lena bhfuil coinne le haghaidh gach bliana ó bhliain 1 go bliain 30, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 31 go bliain 40, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 41 go bliain 50 agus arna chomhiomlánú le haghaidh na mblianta uile i ndiaidh bhliain 50. Is é an sreabhadh airgid an ceann a eascraíonn as sochair ráthaithe todhchaí maidir le réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, Athárachas sláinte.
C0255/R0010–R0330	Sreabhadh airgid todhchaí a úsáidtear sa mheastachán is fearr, athárachas sláinte (comhlán), eis-sreabhadh airgid — Sochair lánroghnacha todhchaí	Méid an tsreabhaidh airgid neamhlascainithe lena bhfuil coinne le haghaidh gach bliana ó bhliain 1 go bliain 30, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 31 go bliain 40, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 41 go bliain 50 agus arna chomhiomlánú le haghaidh na mblianta uile i ndiaidh bhliain 50. Is é an sreabhadh airgid an ceann a eascraíonn as sochair lánroghnacha todhchaí maidir le réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, Athárachas sláinte.
C0260/R0010–R0330	Sreabhadh airgid todhchaí a úsáidtear sa mheastachán is fearr, athárachas sláinte (comhlán), eis-sreabhadh airgid — Costais todhchaí agus eis-sreabhadh airgid eile	Méid an tsreabhaidh airgid neamhlascainithe lena bhfuil coinne le haghaidh gach bliana ó bhliain 1 go bliain 30, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 31 go bliain 40, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 41 go bliain 50 agus arna chomhiomlánú le haghaidh na mblianta uile i ndiaidh bhliain 50. Is é an sreabhadh airgid an ceann a bhaineann le costais a thabhófar nuair a bheidh oibleagáidí árachais agus athárachais á seirbhísiú, agus míreanna eis-sreabhaidh airgid eile amhail íocaíochtaí cánachais a mhuirearaítear ar shealbhóirí polasaí, nó a bhfuil coinne lena muirearú orthu, nó a cheanglaítear chun na hoibleagáidí árachais a shocrú, maidir le réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, Athárachas sláinte. Áireofar ann freisin eis-sreabhadh airgid ó chonarthaí árachais neamhshaoil a athróidh go blianachtaí ach nach bhfuil socraithe go foirmiúil go fóill mar bhlianachtaí, agus lena ndéileáiltear laistigh den chuideachta chéanna.

	MÍR	TREORACHA
C0270/R0010–R0330	Sreabhadh airgid todhchaí a úsáidtear sa mheastachán is fearr, athárachas sláinte (comhlán), insreabhadh airgid — Préimheanna todhchaí	Méid an tsreabhaidh airgid neamhlascainithe lena bhfuil coinne le haghaidh gach bliana ó bhliain 1 go bliain 30, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 31 go bliain 40, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 41 go bliain 50 agus arna chomhiomlánú le haghaidh na mblianta uile i ndiaidh bhliain 50. Is é an sreabhadh airgid an ceann a eascraíonn as préimheanna todhchaí agus aon sreabhadh airgid breise a leanann as na préimheanna sin, maidir le réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, Athárachas sláinte.
C0280/R0010–R0330	Sreabhadh airgid todhchaí a úsáidtear sa mheastachán is fearr, athárachas sláinte (comhlán), insreabhadh airgid — Insreabhadh airgid eile	Méid an tsreabhaidh airgid neamhlascainithe lena bhfuil coinne le haghaidh gach bliana ó bhliain 1 go bliain 30, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 31 go bliain 40, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 41 go bliain 50 agus arna chomhiomlánú le haghaidh na mblianta uile i ndiaidh bhliain 50. Is é an sreabhadh airgid an ceann nach n-áirítear i bpréimheanna todhchaí agus nach n-áirítear torthaí infheistíochta leis, maidir le réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, Athárachas sláinte.
C0285/R0010–R0330	Sreabhadh airgid todhchaí a úsáidtear sa mheastachán is fearr, athárachas sláinte (comhlán), sreabhadh airgid — An méid in-aisghabhála iomlán ó athárachas (i ndiaidh an choigeartaithe)	Méid an tsreabhaidh airgid neamhlascainithe maidir le hoibleagáidí árachais sláinte SLT lena bhfuil coinne le haghaidh gach bliana ó bhliain 1 go bliain 30, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 31 go bliain 40, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 41 go bliain 50 agus arna chomhiomlánú le haghaidh na mblianta uile i ndiaidh bhliain 50. An sreabhadh airgid todhchaí neamhlascainithe ó mhéideanna in-aisghabhála ó athárachas agus ó mheáin athárachais shainchuspóirigh/athárachas finideach, lena n-áirítear athárachas inghrúpa géillte, lena n-áirítear préimheanna athárachais todhchaí. Tuairisceofar an méid glan ón gcoigeartú i leith riosca mainneachtana contrapháirtí.
C0290/R0010-R0330	Sreabhadh airgid todhchaí a úsáidtear sa mheastachán is fearr — An méid in-aisghabhála iomlán ó athárachas (i ndiaidh an choigeartaithe)	Méid an tsreabhaidh airgid neamhlascainithe maidir le hárachas saoil agus sláinte SLT lena bhfuil coinne le haghaidh gach bliana ó bhliain 1 go bliain 30, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 31 go bliain 40, arna chomhiomlánú le haghaidh an eatraimh ó bhliain 41 go bliain 50 agus arna chomhiomlánú le haghaidh na mblianta uile i ndiaidh bhliain 50. An sreabhadh airgid todhchaí neamhlascainithe ó mhéideanna in-aisghabhála ó athárachas agus ó mheáin athárachais shainchuspóirigh/athárachas finideach, lena n-áirítear athárachas inghrúpa géillte, lena n-áirítear préimheanna athárachais todhchaí. Tuairisceofar an méid glan ón gcoigeartú i leith riosca mainneachtana contrapháirtí.

S.14.01 — Anailís ar oibleagáidí árachais saoil

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh eintitis aonair.

Áirítear sa teimpléad seo faisnéis maidir le conarthaí árachais saoil i ndáil le gnó árachais dhírigh amháin agus áirítear ann freisin oibleagáidí árachais saoil ó chonarthaí árachais neamhshaoil amhail blianachtaí a eascraíonn as conarthaí árachais neamhshaoil (ar a ndéantar anailís freisin in S.16.01). Ní sholáthrófar aon fhaisnéis maidir le gnó athárachais ghlactha. Tuairisceofar na conarthaí árachais uile, fiú má aicmítear mar chonarthaí infheistíochta iad ar bhonn cuntasaíochta. I gcás táirgí díchuachta, déanfar na codanna éagsúla den táirge a thuairisciú ar rónna éagsúla, agus úsáid á baint as cóid aitheantais éagsúla.

Tuairisceofar an fhaisnéis uile de réir táirge, lena n-áirítear an tábla maidir le táirgí punainne. Ní bheidh sé éigeantach tuairisciú a dhéanamh de réir uimhir chiste, mura gceanglaíonn an t-údarás maoirseachta náisiúnta a mhalairt. Is féidir le húdarás maoirseachta náisiúnta a shainiú go dtuairisceofar míreanna sonracha a bhaineann leis an uimhir chiste.

	MÍR	TREORACHA
Punann		
C0010	Cód aitheantais an táirge	An cód aitheantais táirge inmheánach a úsáideann an gnóthas le haghaidh an táirge. Má tá cód in úsáid cheana nó sannta ag an údarás inniúil chun críoch maoirseachta, úsáidfear an cód sin.

	MÍR	TREORACHA
		Beidh an cód aitheantais comhsheasmhach le himeacht ama. I gcásanna inar gá an táirge céanna a thuairisciú ar níos mó ná aon ró amháin, leanfaidh a bhfuil in C0010 (agus C0090) an patrún sonrach seo: {}{Cód aitheantais an táirge}}/+/{}{uimhir an leagain}}. “AB222/+/3”, mar shampla.
C0030	Réim Ghnó	Réim ghnó mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn 1 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 29 — Árachas sláinte 30 — Árachas le comhroinnt brabúis 31 — árachas innéacsnasctha agus aonadnasctha 32 — Árachas saoil eile 33 — Blianachtaí ag eascairt as conarthaí árachais neamhshaoil agus a bhaineann le hoibleagáidí árachais sláinte 34 — Blianachtaí ag eascairt as conarthaí árachais neamhshaoil agus a bhaineann le hoibleagáidí árachais seachas oibleagáidí árachais sláinte 35 — Athárachas sláinte 36 — Athárachas saoil
C0040	An líon conarthaí ag deireadh na bliana	An líon conarthaí atá i gceangal le gach táirge tuairiscithe. Áireofar mar aon chonradh amháin aon chonradh a bhfuil níos mó ná aon sealbhóir polasaí amháin ann. I gcás sealbhóir polasaí neamhghníomhach (gan préimh a bheith íoctha), tuairisceofar an conradh mar sin féin ach amháin má tá an conradh cealaithe. Ós rud é nach bhfuil aon phréimh íoctha sa chás sin, áirítear na sealbhóirí polasaí neamhghníomhacha sin agus is é nialas atá sna préimheanna. I gcás blianachtaí a eascraíonn as conarthaí árachais neamhshaoil, úsáid an líon oibleagáidí blianachtaí. I gcás táirgí atá díchuachta ar níos mó ná aon ró amháin, tuairiscigh an líon conarthaí i ngach ró a thuairiscítear.
C0041	An líon conarthaí ag deireadh na bliana – ar conarthaí iad a bhfuil rogha géilliúna iontu	An líon conarthaí ag deireadh na bliana a bhfuil rogha géilliúna don sealbhóir polasaí iontu. Ba cheart a iontráil sa chill seo conarthaí nach dtugann an ceart do shealbhóirí polasaí a bpolasaí a ghéilleadh, ach ar féidir leo fós a bpolasaí a aistriú chuig árachóir eile. Ní hinfheidhme sin maidir le blianachtaí a eascraíonn as conarthaí árachais neamhshaoil.
C0050	An líon conarthaí nua le linn na bliana	An líon conarthaí a eisíodh le linn na bliana tuairiscithe (is le haghaidh gach conartha nua é sin). Ina mhalairt de chás, úsáid na treoracha céanna a úsáidtear le haghaidh chill C0040. I gcás blianachtaí a eascraíonn as conarthaí árachais neamhshaoil, úsáid an líon oibleagáidí blianachtaí. Meastar conarthaí a bheith ina gconarthaí nua i gcás ina n-aithnítear i luacháil forálacha teicniúla iad tráth ar bith le linn na bliana i gcomhréir le hAirteagal 17 den Rialachán Tarmligthe. Áirítear i gconarthaí nua, dá bhrí sin, athnuachaintí nár áiríodh laistigh de theorainneacha an chonartha roimhe seo chomh maith le díolacháin nua ghnó.

	MÍR	TREORACHA
C0051	An líon conarthaí a géilleadh le linn na bliana	An líon conarthaí a géilleadh le linn na bliana tuairiscithe. I gcás nach ndéanfar conradh a ghéilleadh ach go páirteach nó ina ndéanfar láníoctha é, níor cheart sin a áireamh mar ghéilleadh chun críoch C0051 mar go bhfuil an conradh fós sa leabhar gnó. Ní hinfheidhme sin maidir le blianachtaí a eascraíonn as conarthaí árachais neamhshaoil.
C0054	An líon árachaithe i ndeireadh na bliana	An líon daoine árachaithe i ndeireadh na bliana i ndáil leis na conarthaí a thuairiscítear in C0040. Ba cheart an líon árachaithe a bheith comhfhreagrach don líon sealbhóirí polasaí le haghaidh conartha. I gcás polasaithe comhchoiteanna/grúpa, ina ngníomhaíonn "sealbhóir polasaí" mar dháileoir agus mar shealbhóir polasaí araon, ba cheart an líon árachaithe a bheith comhfhreagrach don líon daoine árachaithe a théann isteach sa chonradh comhchoiteann/grúpa.
C0055	Láimhseáil fhioscach na dtáirgí	Tá an réimse seo ceaptha faisnéis a sholáthar maidir le láimhseáil fhioscach na dtáirgí, go háirithe nuair a d'fhéadfadh tionchar a bheith ag an láimhseáil fhioscach ar chinneadh maidir le géilleadh/cealú a fheidhmiú. Ba cheart an liosta iata seo a leanas a úsáid: 1 - I gcás dul in éag/géillte, níl aon chaillteanas ann a bhaineann le cáin nó fóirdheontas 2 - I gcás dul in éag/géillte, cailltear sochair chánach roimhe seo nó amach anseo nó fóirdheontais eile 3 - Caillteanais chánach eile nach gcumhdaítear thuas 4 - Neamhbhainteach Áirítear le Rogha 1 cásanna ina mbeadh caillteanas cánach nó fóirdheontais ar shealbhóirí polasaí mura mbeadh árachóir comhchosúil toilteanach an conradh a ghlacadh. Sochair chánach a bhaineann le préimheanna todhchaí, i.e. i gcás ina laghdóidh préimheanna ar íocaíochtaí cánach ioncaim amach anseo, níl siad ábhartha chun críoch an aicmithe thuas. Cé acu a bheadh nó nach mbeadh caillteanas fioscach iarbhír ann ar an dáta luachála i gcás conradh áirithe laistigh de tháirge, d'fhéadfadh sé a bheith ag brath ar pharaiméadair chonarthacha aonair amhail ré nó aois an tsealbhóra polasaí. Chun críoch an tuairiscithe in C0210, áfach, ní cheanglaítear aon idirdhealú a dhéanamh de réir paraiméadair den sórt sin. Ba cheart na critéir a roghnú i gcás ina bhféadfadh caillteanas fioscach den sórt sin tarlú do chonarthaí an táirge sin. Ní hinfheidhme sin maidir le blianachtaí a eascraíonn as conarthaí árachais neamhshaoil.
C0080	Tír	Cód nó liosta de chóid tíre ISO 3166–1 alfa–2, de réir na dtreoracha seo a leanas: — Cód ISO 3166-1 alfa-2 de chuid na tíre ina ndearnadh an conradh, i gcás tíortha ar leo a bhaineann níos mó ná 10 % d'fhorálacha teicniúla nó préimheanna scríofa le haghaidh táirge ar leith. — I gcás tíortha a mbaineann níos lú ná 10 % d'fhorálacha teicniúla nó préimheanna scríofa le haghaidh táirge ar leith leo, tuairiscigh liosta de chóid ISO 3166–1 alfa–2 de chuid na dtíortha lena mbaineann.

Táirge punainne

C0020	Uimhir chiste	Infheidhme maidir le táirgí ar cuid de chistí imfhálaithe nó cistí inmheánacha eile iad a shainítear ar an leibhéal náisiúnta, go háirithe maidir le cistí (punanna sócmhainní) lena dtacaítear le táirgí árachais saoil.

	MÍR	TREORACHA
		Uimhir nó cód, arna sannadh nó arna shannadh ag an ngnóthas, a chomhfhreagraíonn don uimhir nó don chód uathúil a shanntar do gach ciste. Ní mór don uimhir nó don chód sin a bheith comhsheasmhach le himeacht ama agus úsáidfear é nó í chun na cistí céanna a shainaithint i dteimpléid eile (e.g. in S.08.01). Ní athúsáidfear le haghaidh ciste eile é nó í. Níl an uimhir chiste éigeantach, mura gceanglaíonn an t-údarás maoirseachta náisiúnta a mhalairt.
C0060	Méid iomlán na bPréimheanna scríofa	Méid iomlán na bpréimheanna comhlána i scríbhinn mar a shainmhínítear in Airteagal 1(11) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35. Níl feidhm ag an gcill seo maidir le blianachtaí a eascraíonn as árachas neamhshaoil.
C0061	Méid iomlán na bpréimheanna scríofa – an méid díobh arna scríobh go díreach ag an ngnóthas árachais	Méid iomlán na bpréimheanna scríofa comhlána mar a shainmhínítear in Airteagal 1(11) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, arna scríobh go díreach ag an ngnóthas árachais. Níl feidhm ag an gcill seo maidir le blianachtaí a eascraíonn as árachas neamhshaoil.
C0062	Méid iomlán na bpréimheanna scríofa – an méid díobh arna scríobh trí institiúidí creidmheasa	Méid iomlán na bpréimheanna scríofa comhlána mar a shainmhínítear in Airteagal 1(11) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, arna scríobh trí institiúidí creidmheasa a ghníomhaíonn mar dháileoirí árachais. Níl feidhm ag an gcill seo maidir le blianachtaí a eascraíonn as árachas neamhshaoil.
C0063	Méid iomlán na bpréimheanna scríofa – an méid díobh arna scríobh trí dháileoirí árachais eile	Méid iomlán na bpréimheanna scríofa comhlána mar a shainmhínítear in Airteagal 1(11) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, arna scríobh trí dháileoirí árachais seachas institiúidí creidmheasa. Níl feidhm ag an gcill seo maidir le blianachtaí a eascraíonn as árachas neamhshaoil.
C0070	Méid iomlán na n-éileamh a íocadh le linn na bliana	Méid iomlán na n-olléileamh a íocadh le linn na bliana, lena n-áirítear costais um bainistíocht éileamh.
C0071	Méid iomlán na gcoimisiún a íocadh le linn na bliana	Ba cheart a áireamh i gcoimisiúin aon chineál sochar airgeadaíochta a íocann aon duine eile seachas an custaiméir nó tríú páirtí ag gníomhú ar son an chustaiméara le dáileoir árachais, i ndáil le gníomhaíochtaí dáilte árachais. De bharr go ríomhtar coimisiúin go ginearálta mar chéatadán den phréimh a íocann an custaiméir le haghaidh cumhdach árachais, tá feidhme aige sin maidir le haon chineál íocaíochta a dhéantar le dáileoir árachais (e.g., íocaíocht a dhéantar/fhaightear ar dtús bunaithe ar thabhairt i gcrích conartha árachais nó a dhéantar/fhaightear ar bhonn athfhillteach). I gcás nach infheidhme an chill seo, e.g. i gcás blianachtaí ó chostais árachais neamhshaoil, ba cheart an chill a fhágáil bán.
C0075	Préimheanna todhchaí a bhfuil coinne leo	Préimheanna iomlána le haghaidh gach conartha i bhfeidhm ar an dáta luachála a bhfuil coinne leo amach anseo mar a réamh-mheastar i ríomh an mheastacháin is fearr. Is é an luach láithreach ba cheart a bheith sna préimheanna todhchaí réamh-mheasta (a léiríonn an méid iomlán préimheanna le haghaidh na ré conartha a bhfuil coinne léi). Níor cheart na préimheanna a aithint ach laistigh de theorainneacha an chonartha. Ós rud é nach gceanglaítear forálacha teicniúla a ríomh ach ar leibhéal príomhoibríochta athmhaoiniúcháin, is féidir neastacháin a chur i bhfeidhm le haghaidh mhiondealú na bhforálacha de réir táirge. Ní hinfheidhme sin maidir le blianachtaí a eascraíonn as conarthaí árachais neamhshaoil.

	MÍR	TREORACHA
C0077	Coimisiúin todhchaí a bhfuil coinne leo	Coimisiúin todhchaí iomlána le haghaidh gach conartha i bhfeidhm ar an dáta luachála a bhfuil coinne leo amach anseo mar a réamh-mheastar i ríomh an mheastacháin is fearr. Is é an luach láithreach ba cheart a bheith sna coimisiúin todhchaí réamh-mheasta (a léiríonn an méid iomlán coimisiún todhchaí le haghaidh na ré conartha a bhfuil coinne léi). Chun sainmhíniú ar choimisiúin a fháil, féach C0071. Níor cheart na coimisiúin a aithint ach laistigh de theorainneacha an chonartha. Ós rud é nach gceanglaítear forálacha teicniúla a ríomh ach ar leibhéal príomhoibríochta athmhaoiniúcháin, is féidir neastacháin a chur i bhfeidhm le haghaidh mhiondealú na bhforálacha de réir táirge. Ní hinfheidhme sin maidir le blianachtaí a eascraíonn as conarthaí árachais neamhshaoil.
C0180	An meastachán is fearr agus forálacha teicniúla ina n-iomláine	Méid an ollmheastacháin is fearr agus na bhforálacha teicniúla ina n-iomláine arna ríomh de réir táirge. Ós rud é nach gceanglaítear forálacha teicniúla a ríomh ach ar leibhéal príomhoibríochta athmhaoiniúcháin, is féidir neastacháin a chur i bhfeidhm le haghaidh mhiondealú na bhforálacha de réir táirge.
C0190	Caipiteal faoi riosca	An caipiteal faoi riosca, mar a shainmhínítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35. Ós rud é nach gceanglaítear forálacha teicniúla a ríomh ach ar leibhéal príomhoibríochta athmhaoiniúcháin, is féidir neastacháin a chur i bhfeidhm le haghaidh mhiondealú na bhforálacha de réir táirge. I gcás blianachtaí a eascraíonn as conarthaí árachais neamhshaoil, cuirfear nialas sa chill seo ach amháin má tá riosca dearfach ag na blianachtaí.
C0200	Luach géilliúna	Luach géilliúna (i gcás ina bhfuil sé ar fáil), mar a luaitear in Airteagal 185 (3) (f) de Threoir 2009/138/CE, glan ó chánacha: an méid atá le híoc leis an sealbhóir polasaí sa chás go bhfoirceanntar an conradh go luath (i.e. sula dtiocfaidh sé chun bheith iníoctha trína bheith ag teacht chun aibíochta nó nuair a tharlóidh an teagmhas árachaithe, amhail bás), glan ó mhuirir agus iasachtaí polasaí; ní bhaineann sé le conarthaí nach bhfuil roghanna iontu, i bhfianaise gur rogha é luach géilliúna. Ní hinfheidhme sin maidir le blianachtaí a eascraíonn as conarthaí árachais neamhshaoil.
C0260	Ráta ráthaithe - Ráta ráthaithe bliantúlaithe (ar feadh mheánré na ráthaíochta)	Meánráta úis bliantúil ráthaithe don sealbhóir polasaí ar feadh an chuid de shaolré an chonartha atá fágtha, arna shloinneadh mar chéatadán. I gcás nach soláthraítear aon ráta úis ráthaithe go hintuigthe ná go sainráite sa chonradh, ba cheart an chill seo a fhágáil ban; i gcás ina soláthraítear ráta úis ráthaithe go hintuigthe nó go sainráite, ba cheart sin a thuairisciú dá réir (e.g. “0 %”). Infheidhme i gcás ina soláthraítear meánráta úis ráthaithe go hintuigthe nó go sainráite sa chonradh nó i gcás ina soláthraítear ráthaíocht airgeadais mhalartach go hintuigthe, e.g. i bhfoirm suime ráthaithe a áirithítear, toradh ráthaithe ar phréimheanna nó sochar blianachta ráthaithe. I gcás nach ndéantar aon ráthaíocht ráta úis bhliantúil a fhorordú go sainráite sa chonradh, ba cheart an ráta ráthaithe (bliantúil) intuigthe ón dáta luachála go dtí deireadh na ráthaíochta a thuairisciú. Ní hinfheidhme sin maidir le blianachtaí a eascraíonn as conarthaí árachais neamhshaoil.

	MÍR	TREORACHA
C0261	Ráta ráthaithe - Ráthaíocht ráta úis bhliantúil le haghaidh na bliana tuairiscithe	Ráta úis bliantúil ráthaithe do shealbhóir polasaí an chonartha le haghaidh na bliana tuairiscithe arna shloinneadh mar chéatadán. I gcás nach soláthraítear aon ráta úis ráthaithe go hintuigthe ná go sainráite sa chonradh, ba cheart an chill seo a fhágáil ban; i gcás ina soláthraítear ráta úis ráthaithe go hintuigthe nó go sainráite, ba cheart sin a thuairisciú dá réir (e.g. "0 %"). Infheidhme i gcás ina soláthraítear meánráta úis ráthaithe go hintuigthe nó go sainráite sa chonradh nó i gcás ina soláthraítear ráthaíocht airgeadais mhalartach go hintuigthe, e.g. i bhfoirm suime ráthaithe a áirithítear, toradh ráthaithe ar phréimheanna. I gcás nach ndéantar aon ráthaíocht ráta úis bhliantúil a fhorordú go sainráite sa chonradh, ba cheart an ráta ráthaithe (bliantúil) intuigthe le haghaidh na bliana tuairiscithe a thuairisciú. Ní hinfheidhme sin maidir le blianachtaí a eascraíonn as conarthaí árachais neamhshaoil.
C0270	Coinníollacha scoir ar an dáta maidir le tuairisciú	Aicmigh an táirge de réir an liosta iata seo a leanas maidir le coinníollacha scoir an cháis ar an dáta maidir le tuairisciú: 1 – Tá an luach géilliúna cothrom leis an meastachán is fearr/cúlchistí reachtúla áitiúla agus ceanglaítear tréimhse fógra is giorra ná 1 seachtain amháin 2 – Tá an luach géilliúna cothrom leis an meastachán is fearr/cúlchistí reachtúla áitiúla agus ceanglaítear tréimhse fógra is faide ná 1 seachtain amháin ach is giorra ná 3 mhí 3 – Tá an luach géilliúna cothrom leis an meastachán is fearr/cúlchistí reachtúla áitiúla agus ceanglaítear tréimhse fógra is faide ná 3 mhí 4 – Tá an luach géilliúna idir 100 % (go heisiach) agus 80 % den mheastachán is fearr/de na cúlchistí reachtúla áitiúla agus ceanglaítear tréimhse fógra is giorra ná 1 seachtain amháin 5 – Tá an luach géilliúna idir 100 % (go heisiach) agus 80 % den mheastachán is fearr/de na cúlchistí reachtúla áitiúla agus ceanglaítear tréimhse fógra is faide ná 1 seachtain amháin ach is giorra ná 3 mhí 6 – Tá an luach géilliúna idir 100 % (go heisiach) agus 80 % den mheastachán is fearr/de na cúlchistí reachtúla áitiúla agus ceanglaítear tréimhse fógra is faide ná 3 mhí 7 – Tá an luach géilliúna níos ísle ná 80 % den mheastachán is fearr/de na cúlchistí reachtúla áitiúla agus ceanglaítear tréimhse fógra is giorra ná 1 seachtain amháin 8 – Tá an luach géilliúna níos ísle ná 80 % den mheastachán is fearr/de na cúlchistí reachtúla áitiúla agus ceanglaítear tréimhse fógra is faide ná 1 seachtain amháin ach is giorra ná 3 mhí 9 – Tá an luach géilliúna níos ísle ná 80 % den mheastachán is fearr/de na cúlchistí reachtúla áitiúla agus ceanglaítear tréimhse fógra is faide ná 3 mhí 10 — Eile Ba cheart an tréimhse fógra a thuiscint mar an tréimhse ama (e.g. laethanta nó seachtainí) a iarrann an chuideachta árachais a bheith idir an tráth a thugann an sealbhóir polasaí fógra faoina rún an polasaí árachais a fhoirceannadh agus dáta iarbhír an fhoirceanta. Ní thagraíonn an téarma sin don tréimhse aistarraingthe inar féidir leis an gcliant an polasaí a chealú gan phionós. I gcás nach infheidhme an chill seo, i.e. ní féidir conradh a ghéilleadh, e.g. i gcás blianachtaí ó chonarthaí árachais neamhshaoil, féadtar an chill a fhágáil bán. Ní hinfheidhme sin maidir le blianachtaí a eascraíonn as conarthaí árachais neamhshaoil.

	MÍR	TREORACHA
C0280	An méid a ráthaítear ráta úis lena aghaidh	An méid airgeadaíochta ar gá an ráta úis ráthaithe a thuairiscítear in C0260 a chur i bhfeidhm maidir leis. Is mar luach airgeadúil ar an dáta tagartha atá an méid le tuairisciú. Ní hinfheidhme sin maidir le blianachtaí a eascraíonn as conarthaí árachais neamhshaoil.

Saintréithe an táirge

C0101	Aicmiú an táirge	Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1. saol aonair 2. saol comhpháirteach 3. comhchoiteann 4. eile Má tá níos mó ná aon saintréith amháin infheidhme, úsáid “4 – eile”. I gcás blianachtaí a eascraíonn as árachas neamhshaoil, úsáid “4 – eile”.
C0102	Teidlíochtaí pinsin	Sonraigh más teidlíocht pinsin í an chatagóir táirge. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1. Tá 2. Níl Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar cé acu ba cheart nó nár cheart táirge a aicmiú mar theidlíocht pinsin faoi theimpléad S.14, ba cheart na nithe seo a leanas a mheas: — Más táirge pinsin bunaithe ar reachtaíocht/dlí náisiúnta é an táirge. D’fhéadfaí *Database of pension plans and products in the EEA* [Bunachar sonraí pleananna agus táirgí pinsin in LEE] arna fhoilsiú ar shuíomh gréasáin ÚEÁPC a mheas (leis na caveats dá dtagraítear ar an suíomh gréasáin); — Má bhaineann táirge (e.g. táirge aonadnasctha) úsáid as buntáiste cánach a bhaineann le pinsin chun airgead a charnadh le haghaidh dul ar scor; — Má tá na híocaíochtaí todhchaí nasctha go sainráite leis an dul ar scor féin; — Má chomhlíonann an táirge na gnéithe uile a shainaithnítear ach má áirítear freisin leis roinnt cásanna an-eisceachtúil ina bhféadfaí an t-airgead a ghéilleadh, amhail dífhostaíocht fhada nó tinneas tromchúiseach, ba cheart leanúint de bheith á mheas mar theidlíocht pinsin. Níor cheart tionchar a bheith ag na nithe seo a leanas ar an gcinneadh: — Má chuirtear an táirge in ionad an chórais slándála sóisialta atá i bhfeidhm nó má chuirtear leis é; — Má tá an táirge éigeantach (más ionadaí é, de ghnáth) nó mura bhfuil sé éigeantach (más rud breise é, de ghnáth); — Má tá an íocaíocht todhchaí le déanamh ina blianachtaí nó ina cnapshuim, fad a dhéanfar an íocaíocht in aois scoir.
C0110	An cineál táirge	Tuairisc cháilíochtúil ghinearálta ar an gcineál táirge. Má tá cód táirge sannta ag an údarás inniúil chun críoch maoirseachta, is í an tuairisc ar an gcineál táirge le haghaidh an chóid sin a úsáidfear.
C0120	Ainmniú an táirge	Ainm tráchtála an táirge (a bhaineann go sonrach leis an ngnóthas).

	MÍR	TREORACHA
C0130	Tráchtálú á dhéanamh fós ar an táirge?	Sonraigh má tá an táirge fós ar díol nó má tá sé díreach faoi leachtú nádúrtha. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 – á thráchtálú fós 2 – faoi leachtú nádúrtha
C0141	Roinnt an bhrabúis	Sonraigh cé acu a áirítear nó nach n-áirítear roinnt an bhrabúis sa chatagóir táirge. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas. 1 – Úsáidfear 2 – Ní úsáidfear
C0142	Aibíocht chonarthach iarmhair	Tá an réimse seo ceaptha faisnéis a sholáthar maidir le meánaibíocht iarmhair na gconarthaí arna sainiú go conarthach de réir na catagóire táirge sin. Ba cheart ceann de na sé rogha seo a leanas a roghnú: 1 - < 5 bliana 2 - 5-10 mbliana 3 - 10-15 bliana 4 - 15-20 bliain 5 - > 20 bliain 6 - Ar feadh an tsaoil Tá an cinntiúchán sin bunaithe ar na toimhdí nach dtiocfaidh deireadh leis an gconradh mar gheall ar réadú riosca bhithmhéadraigh, nach bhfeidhmeoidh an sealbhóir polasaí aon rogha géilliúna/cealaithe agus go bhfeidhmeoidh sé na roghanna athnuachana uile, agus nach bhfeidhmeoidh an gnóthas árachais nó athárachais aon rogha chun an conradh a fhoirceannadh agus go bhfeidhmeoidh sé na roghanna athnuachana uile. I gcás polasaí dearlaice, chiallódh sé sin mar shampla nach bhfaigheann an duine árachaithe bás agus nach gcealaíonn an sealbhóir polasaí an conradh. Le haghaidh an chinntiúcháin, ba cheart toimhde a dhéanamh maidir le gnáthaois an tsealbhóra polasaí ar dhéanamh an chonartha dó. Cuimhnigh ar pholasaí dearlaice, mar shampla, is féidir a chealú tráth ar bith ina ndéantar an gnáthchonradh ag 30 bliain d'aois agus ina dtugtar i gcrích é le híocaíocht chnapshuime ag 65 bliana d'aois sa chás go bhfuil an duine árachaithe fós beo. Cé go bhféadfaí an conradh a thabhairt i gcrích níos luaithe ná sin mar gheall ar bhás nó cealú, ba cheart "> 20 bliain" a roghnú. Ní hinfheidhme sin maidir le blianachtaí a eascraíonn as conarthaí árachais neamhshaoil.

S.14.02 — Anailís ar oibleagáidí árachais neamhshaoil

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh eintitis aonair.

Sa teimpléad seo áirítear faisnéis maidir le conarthaí árachais neamhshaoil i ndáil le gnó árachais dhírigh amháin. Ní gá aon fhaisnéis a sholáthar maidir le gnó athárachais ghlactha.

Tuairisceofar colúin C0010 agus C0120 de réir réim ghnó cé is moite de na heisceachtaí a shonraítear thíos ina mbeartaítear miondealú breise a dhéanamh de réir catagóirí táirgí mar a shainmhínítear in C0020.

	MÍR	TREORACHA
Punann		
C0010	Réim ghnó (1 go 12)	Réim ghnó mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn 1 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35. Mura sonraítear a mhalairt in C0020, níor cheart faisnéis maidir le táirgí a dhí-chomhiomlánú ach ba cheart í a thuairisciú faoin bpríomhréim ghnó. Na táirgí árachais neamhshaoil uile a ndéantar a thráchtáil, ba cheart iad a thuairisciú faoin réim ghnó is fearr a chomhfhreagraíonn do phríomh-shaintréithe an táirge, agus saintréithe an táirge agus na príomhrioscaí a chumhdaítear leis an táirge á gcur san áireamh. I gcás táirgí módúlacha, ba cheart na táirgí a dhíchuachadh agus faisnéis maidir le gach táirge sa chuach a thuairisciú faoin réim ghnó is fearr a chomhfhreagraíonn do na príomh-shaintréithe: Úsáidfear an liosta seo a leanas: 1 — Árachas maidir le costas leighis 2 — Árachas cosanta ioncaim 3 — Árachas gortuithe tionsclaíocha 4 — Árachas dliteanais mótarfheithicle 5 — Árachas mótair eile 6 — Árachas muirí, eitlíochta agus iompair 7 — Árachas dóiteáin agus árachas le haghaidh damáiste eile do mhaoin 8 — Árachas dliteanais ghinearálta 9 — Árachas creidmheasa agus urraíochta 10 — Árachas maidir le costais dlí 11 — Cúnamh 12 — Caillteanas airgeadais ilghnéitheach
C0020	An catagóir táirge ina bhfuil sé	I gcás táirgí árachais neamhshaoil atá i gceann de na catagóirí táirge sa liosta iata thíos, ba cheart faisnéis a thuairisciú ar ró ar leithligh: 7.1 Árachas dóiteáin agus árachas le haghaidh damáiste eile do mhaoin, ar árachas tubaiste nádúrtha é: Táirgí lena gcumhdaítear damáistí do mhaoine agus do dhaoine de dheasca fórsaí nádúrtha, amhail crith talún, tuilte, stoirm, cloichshneachta, sioc, triomach. 11.1 Cúnamh, ar árachas taistil é: Táirgí lena gcumhdaítear caillteanais nach raibh coinne leo arna dtabhú le linn taistil amhail cumhdach maidir le cealú turais, cailliúint bagáiste, moilleanna eitiltí agus/nó costas leighis le linn taistil 12.1 Caillteanas airgeadais ilghnéitheach, a bhaineann le bristeacha gnó: Táirgí lena gcumhdaítear bristeacha gnó, dúnadh gnó, nó aon chaillteanas airgeadais den chineál sin bíodh damáistí fisiceacha do mhaoin árachaithe ina gceangal air nó ná bíodh (e.g. tagraíonn briseadh gnó do chumhdach maidir le damáiste do mhaoin de dheasca stoirme nó tuile; le dúnadh gnó cumhdaítear damáiste de dheasca dúnadh sealadach siopaí mar gheall ar ghníomhaíochtaí riaracháin nó cinntí na n-údarás sláinte) 12.2 Caillteanas airgeadais ilghnéitheach, a bhaineann le hárachas cosanta íocaíochtaí: Táirgí lena gcumhdaítear an teagmhas nach bhfuiltear in ann oibleagáidí airgeadais morgáiste, iasachta nó aon saoráid chreidmheasa a chomhlíonadh ar aon chúis seachas bás.

	MÍR	TREORACHA
C0030	I gcás na dtáirgí a ndéantar a thráchtáil faoin gcatagóir táirge/réim ghnó seo, cén cion díobh (arna thomhas trí phréimheanna scríofa comhlána) a chumhdaíonn contúirtí a bhaineann leis an aeráid? (0-100)	Áirítear ar chontúirtí a bhaineann leis an aeráid teagmhais amhail tuile, tonnta teasa, sciorrthaí talún, triomach nó falscaithe, mar shampla). I bhfianaise go bhféadfadh táirgí iomadúla a bheith faoi aon réim ghnó amháin, contúirtí a bhaineann leis an aeráid a bheith cumhdaithe ag cuid acu agus gan bheith cumhdaithe ag cuid eile, tuairiscigh anseo an céatadán de tháirgí sa chatagóir sin (arna thomhas trí phréimheanna scríofa comhlána) lena gcumhdaítear aon ghné amháin, ar a laghad, de chontúirtí a bhaineann leis an aeráid, idir 0 agus 100.
C0040	Má chumhdaítear leis an táirge contúirtí a bhaineann leis an aeráid, an bhfuil lamháltas sa táirge le haghaidh bearta maidir le riosca a chosc? (Tá/Níl/Neamhbhainteach)	Má áirítear sa réim ghnó sin táirge amháin ar a laghad lena gcumhdaítear aon ghné amháin, ar a laghad, de chontúirtí a bhaineann leis an aeráid, sonraigh sin le "Tá" nó "Níl" má áirítear i ndearadh na dtáirgí sin bearta maidir le riosca a chosc. Sa chomhthéacs seo, tagraíonn bearta maidir le riosca a chosc do nithe amhail dreasachtaí airgeadais don sealbhóir polasaí chun an riosca árachaithe foluiteach a mhaolú (e.g. trí lacáistí ar phréimheanna nó barrachais níos ísle) nó saineolas riosca saincheaptha a sholáthraíonn an t-árachóir chun comhairle a chur ar an sealbhóir polasaí maidir leis na bearta maolaithe riosca atá ar fáil is féidir a chur chun feidhme.
C0050	An líon conarthaí ag deireadh na bliana	An líon conarthaí atá i gceangal le gach táirge a thagann faoin réim ghnó ábhartha. Áireofar mar aon chonradh amháin aon chonradh a bhfuil níos mó ná aon sealbhóir polasaí amháin ann. I gcás sealbhóirí polasaí neamhghníomhacha (gan préimh a bheith íoctha), tuairisceofar an conradh mar sin féin ach amháin má tá an conradh cealaithe.
C0060	An líon conarthaí nua le linn na bliana	An líon conarthaí nua le linn na bliana tuairiscithe (is le haghaidh gach conartha nua é sin lena n-áirítear iad siúd atá athnuaite). Tagraíonn conradh nua do chonradh a scríobhadh le linn na bliana i ndáil le conarthaí leanúnacha eile a scríobhadh i mblianta roimhe seo. Áireofar mar aon chonradh amháin aon chonradh a bhfuil níos mó ná aon sealbhóir polasaí amháin ann. I gcás sealbhóirí polasaí neamhghníomhacha (gan préimh a bheith íoctha), tuairisceofar an conradh mar sin féin ach amháin má tá an conradh cealaithe.
C0070	Méid iomlán na bpréimheanna scríofa comhlána - an méid díobh arna scríobh go díreach ag an ngnóthas árachais	Méid iomlán na bpréimheanna scríofa comhlána mar a shainmhínítear in Airteagal 1(11) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, arna scríobh go díreach ag an ngnóthas árachais.
C0080	Méid iomlán na bpréimheanna scríofa comhlána – arna scríobh trí institiúidí creidmheasa	Méid iomlán na bpréimheanna scríofa comhlána mar a shainmhínítear in Airteagal 1(11) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, arna scríobh trí institiúidí creidmheasa a ghníomhaíonn mar dháileoirí árachais.
C0090	Méid iomlán na bpréimheanna scríofa comhlána – arna scríobh trí dháileoirí árachais eile seachas institiúidí creidmheasa	Méid iomlán na bpréimheanna scríofa comhlána mar a shainmhínítear in Airteagal 1(11) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, arna scríobh trí dháileoirí árachais seachas institiúidí creidmheasa.
C0100	Méid iomlán na gcoimisiún a íocadh le linn na bliana	Ba cheart a áireamh i gcoimisiúin aon chineál sochar airgeadaíochta a íocann aon duine eile seachas an custaiméir nó tríú páirtí ag gníomhú ar son an chustaiméara le dáileoir árachais, i ndáil le gníomhaíochtaí dáilte árachais. De bharr go ríomhtar coimisiúin go ginearálta mar chéatadán den phréimh a íocann an custaiméir le haghaidh cumhdach árachais, tá feidhme aige sin maidir le haon chineál íocaíochta a dhéantar le dáileoir árachais (e.g., íocaíocht a dhéantar/fhaightear ar dtús bunaithe ar thabhairt i gcrích conartha árachais nó a dhéantar/fhaightear ar bhonn athfhillteach).

	MÍR	TREORACHA
C0110	Méid iomlán na n-éileamh a íocadh le linn na bliana	Éilimh a íocadh le linn na bliana a bhaineann le suim an ghnó árachais dhírigh. Ní áireofar leis sin athruithe ar fhorálacha le haghaidh éilimh nár íocadh go fóill agus ní áireofar leis costais bhainistíochta éileamh ná an ghluaiseacht i bhforálacha i gcostais bhainistíochta éileamh.
C0120	Tír	Cód nó liosta de chóid tíre ISO 3166–1 alfa–2, de réir na dtreoracha seo a leanas: — Cód ISO 3166-1 alfa-2 de chuid na tíre ina ndearnadh an conradh, i gcás tíortha ar leo a bhaineann níos mó ná 10 % d'fhorálacha teicniúla nó préimheanna scríofa le haghaidh táirge ar leith. — i gcás tíortha a mbaineann níos lú ná 10 % d'fhorálacha teicniúla nó préimheanna scríofa le haghaidh táirge ar leith leo, tuairiscigh liosta de chóid ISO 3166–1 alfa–2 de chuid na dtíortha lena mbaineann.

Faisnéis maidir leis an líon árachaithe

C0130	An líon árachaithe i ndeireadh na bliana	I gcás táirgí a thagann faoi réim ghnó 1 agus catagóirí táirge 11.1 agus 12.2, tuairiscigh an líon iomlán árachaithe le haghaidh conarthaí a thuairiscítear faoi gc0050.
C0140	An líon maoine árachaithe ag deireadh na bliana	I gcás táirgí a thagann faoi réim ghnó 4 agus 5, tuairiscigh an líon iomlán maoine le haghaidh conarthaí a thuairiscítear faoi gc0050.

S.14.03 — Riosca cibearshlándála frithgheallta

Barúlacha ginearálta

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh eintitis aonair.

Tá an teimpléad seo ábhartha do ghnóthais árachais agus athárachais neamhshaoil a fhrithgheallann táirgí lena gcumhdaítear rioscaí cibearshlándála mar a shainmhínítear sna treoracha seo.

Ceanglaítear ar ghnóthais faisnéis maidir leis an riosca cibearshlándála arna fhrithghealladh a sholáthar de réir chód an ghrúpa táirgí agus de réir aitheantas táirge. I gcás ina soláthrófar níos mó ná táirge tráchtála amháin le haghaidh an aitheantais táirge chéanna, le haghaidh an tacair chéanna réimeanna gnó agus an tacair chéanna cumhdaigh riosca, tuairisceofar táirgí ag úsáid réim aonair, agus "Cód an Ghrúpa Táirgí" a shainíonn an gnóthas chun an grúpa táirgí tuairiscithe a shainaithint á sholáthar. Táirgí laistigh den aitheantas táirge céanna nach bhfuil an tsaintréith luaite acu araon, ní féidir iad a chomhiomlánú agus tuairisceofar dá bhrí sin iad ag úsáid réimeanna aonair.

I gcás ina mbeidh réasúnú speisialta ag teastáil, ní dhéanfar an míniú a chur isteach laistigh den teimpléad tuairiscithe ach beidh sé mar chuid den idirphlé idir gnóthais agus na hÚdaráis Náisiúnta Inniúla.

Beidh an teimpléad seo faoi réir cur i bhfeidhm tairsí bunaithe ar an méid seo a leanas:

— Suim na bpréimheanna arna dtuilleamh le haghaidh polasaithe cibearshlándála neamhspleácha agus polasaithe a bhfuil cumhdach cibearshlándála ina chumhdach forlíontach acu (nár cheart ach na préimheanna (measta) arna dtuilleamh le haghaidh riosca cibearshlándála a chur san áireamh lena n-aghaidh), tá sé níos mó ná 5 % den ghnó árachais neamhshaoil foriomlán a shaothraigh an ghnóthas nó níos mó ná EUR 5 mhilliún

NÓ

— An líon polasaithe ina n-áirítear cumhdach cibearshlándála (i.e. polasaí cibearshlándála neamhspleách agus/nó polasaí cibearshlándála forlíontach), tá sé níos mó ná 3 % de líon iomlán pholasaithe an ghnó árachais neamhshaoil.

	MÍR	TREORACHA
C0010	Cód an ghrúpa táirgí	Cód aitheantais inmheánach an ghrúpa táirgí a shainíonn an gnóthas. Beidh cód an ghrúpa táirgí comhsheasmhach le himeacht ama.

	MÍR	TREORACHA
		I gcásanna inar gá an grúpa táirgí céanna a thuairisciú ar níos mó ná aon ró amháin, leanfaidh a bhfuil in C0010 an patrún sonrach seo: {}{Cód an ghrúpa táirgí}}/+/{}{bunuimhir}}. “AB222/+/1”, mar shampla.
C0020	Margadh an táirge	Margadh an táirge a shainaithint. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 - Gnólacht le gnólacht 2 - Príobháideach 3 - An dá cheann I bhfianaise ghráinneacht na rioscaí a shainaithnítear i gcill C0060, ní bhíonn coinne le rogha 3 ach mar chás eisceachtúil de ghnáth-shainaithint mhargadh an táirge le haghaidh catagóirí táirge.
C0030	Aitheantas táirge	An chatagóir táirge a shainaithint. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: (1) Caillteanas an chéad pháirtí (2) Caillteanas tríú páirtí (3) Costais agus seirbhísí gaolmhara Áirítear le caillteanas an chéad pháirtí caillteanais a bhaineann le sonraí an tsealbhóra polasaí féin nó caillteanas ioncaim, lena n-áirítear aon iarmhairt dhiúltach a d’fhéadfadh, de thoradh teagmhais, a bheith ina cúis le sárú ar shonraí nó le cibirionsaí ar shaol gnó/pearsanta an tsealbhóra polasaí. Áirítear le caillteanas tríú páirtí caillteanais a bhaineann le dliteanas sealbhóirí polasaí as damáiste a dhéantar do shonraí nó ioncam páirtithe eile, lena n-áirítear aon iarmhairt dhiúltach a d’fhéadfadh, de thoradh teagmhais, a bheith ina cúis le sárú ar shonraí nó le cibirionsaí ar shaol gnó/pearsanta an tsealbhóra polasaí. Áirítear le costais agus seirbhísí gaolmhara cumhdach nach mbaineann ach le costais nó seirbhísí a dhéanann an t-eisitheoir cumhdaigh chun córais agus sonraí a athbhunú i ndiaidh teagmhas cibearshlándála (lena n-áirítear costais dlí). I bprionsabal, ní féidir ach aon mhír amháin a roghnú ón liosta chun an t-aitheantas táirge a thréithriú; i gcásanna eisceachtúla, áfach, agus i gcás tuairisciú ó ghnóthais athárachais, ceadaítear míreanna iomadúla a roghnú. Sainítear an t-aitheantas táirge go huathúil leis an teaglaim den réim ghnó (na réimeanna gnó) agus an tuairisc ar rioscaí a n-áirítear sa chumhdach, ar choinníoll nach “Eile” a líontar isteach sa cheann deireanach sin agus nach roghnaítear míreanna iomadúla as na míreanna atá le fáil sa liosta. Más amhlaidh sin, ní féidir a mheas gurb é an t-aitheantas táirge céanna atá i gceist le dhá chatagóir táirge a luaitear an réim ghnó chéanna (na réimeanna gnó céanna) agus “Eile” leo mar thuairisc ar na rioscaí a n-áirítear sa chumhdach, agus ní mór iad a thuairisciú mar réimeanna ar leithligh.
C0040	Cumhdach cibearshlándála san aitheantas táirge	Sainaithint an chumhdaigh cibearshlándála a áirítear sna táirgí tráchtála a áirítear san aitheantas táirge. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: (1) Cumhdach cibearshlándála neamhspleách (2) Cumhdach cibearshlándála mar chumhdach forlíontach lena gcumhdaítear an príomhriosca (3) Cumhdach cibearshlándála mar chumhdach forlíontach nach gcumhdaítear an príomhriosca leis

	MÍR	TREORACHA
		Áirítear le cumhdach cibearshlándála neamhspleách an cumhdach uile ina soláthraítear an chibearshlándáil mar chumhdach neamhspleách (i.e. uathúil). Áirítear le cumhdach cibearshlándála mar chumhdach forlíontach lena gcumhdaítear an príomhriosca (> 50 %) gach cumhdach ina soláthraítear an chibearshlándáil mar mhír fhorlíontach ach inarb í an chibearshlándáil an príomhriosca a chumhdaítear. Áirítear le cumhdach cibearshlándála mar chumhdach forlíontach nach gcumhdaítear an príomhriosca leis (< 50 %) gach cumhdach ina soláthraítear an chibearshlándáil mar mhír fhorlíontach ach nach í an chibearshlándáil an príomhriosca a chumhdaítear ann. Ní féidir ach aon mhír amháin a roghnú ón liosta chun an t-aitheantas táirge a thréithriú.
C0050	Réim ghnó (réimeanna gnó)	Sainaithint na réime gnó a chumhdaítear sna táirgí tráchtála. Úsáidfear na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Árachas maidir le costas leighis 2 — Árachas Cosanta Ioncaim 3 — Árachas Gortuithe Tionsclaíocha 4 — Árachas Dliteanais Mótarfheithicle 5 — Árachas Mótair Eile 6 — Árachas Muirí, Eitlíochta agus Iompair 7 — Árachas Dóiteáin agus Árachas le haghaidh Damáiste eile do Mhaoin 8 — Árachas Dliteanais Ghinearálta 9 — Árachas Creidmheasa agus Urraíochta 10 — Árachas maidir le Costais Dlí 11 — Cúnamh 12 — Caillteanas Airgeadais Ilghnéitheach 13 - Athárachas comhréireach - Árachas maidir le costas leighis 14 - Athárachas comhréireach - Árachas cosanta ioncaim 15 - Athárachas comhréireach - Árachas gortuithe tionsclaíocha 16 - Athárachas comhréireach - Árachas dliteanais mótarfheithicle 17 - Athárachas comhréireach - Mótarárachas eile 18 - Athárachas comhréireach - Árachas muirí, eitlíochta agus iompair 19 - Athárachas comhréireach - Árachas dóiteáin agus árachas le haghaidh damáiste do mhaoin 20 - Athárachas comhréireach - Árachas dliteanais ghinearálta 21 - Athárachas comhréireach - Árachas creidmheasa agus urraíochta 22 - Athárachas comhréireach - Árachas costas dlí 23 - Athárachas comhréireach - Cúnamh 24 - Athárachas comhréireach - Caillteanas airgeadais ilghnéitheach 25 - Athárachas neamhréireach - Árachas sláinte 26 - Athárachas neamhréireach - Árachas taismigh

	MÍR	TREORACHA
		27 - Athárachas neamhréireach - Árachas muirí, eitlíochta agus iompair 28 - Athárachas neamhréireach - Árachas maoine
C0060	Tuairisc ar an riosca (na rioscaí) a áirítear sa chumhdach	Tuairisc ar na rioscaí a áirítear sa chumhdach ag úsáidfear na roghanna sa liosta iata seo a leanas: (1) Bristeacha líonra (a thagraíonn do theip slándála líonra as a leanann bristeacha gnó. D'fhéadfaí a áireamh ar shamplaí de sin ionsaí diúltaithe dáilte seirbhíse nó ionsaí "DDoS" (i.e. nuair a sheoltar an iomarca iarrataí chuig suíomh gréasáin faoi eagar páirtí mhailísigh) nó haiceálaí a bheith ag fáil rochtain ar an líonra agus ag scriosadh comhaid ríthábhachtacha, nó ag cur cód mailíseach isteach is cúis le teip an chórais) (2) Bristeacha líonra OSP (inarb é is OSP ann Soláthraithe Seirbhíse Seachfhoinsithe (OSPanna), i.e. prótacal cliaint-freastalaí a bhainistíonn rialú rochtana, cuntasaíocht, sonraí úsáide agus ródú idir fearainn chun é a dhéanamh níos éasca do sholáthraithe seirbhíse idirlín (ISPanna) tacú le prótacal idirlín guthaithe) (3) Bristeacha líonra: teip córais lena bhféadfaí a áireamh "briseadh gan choinne nó neamhbheartaithe" ar an líonra. D'fhéadfadh sé gurb í earráid an duine, earráid chórais nó an dá rud faoi deara na teipe. (e.g. d'fhéadfaí an líonra uile a chalcadh le linn do chuideachta uasghrádú a dhéanamh ar a córas cuntasaíochta) (4) Cibearshracadh (cineál coireachta ar líne ina ndéanann haiceálaithe mailíseacha ionsuithe leanúnacha diúltaithe dáilte seirbhíse (DDoS) nó ionsuithe eile ar shuíomh gréasáin, freastalaí ríomhphoist nó córas ríomhaireachta, a éilíonn airgead agus a gheallann go gcuirfidh siad deireadh leis na hionsuithe má thugtar dóibh é) (5) Teagmhas sonraí leictreonacha (teagmhas ina ndéantar rochtain ar shonraí atá íogair, faoi rún nó cosanta ar bhealach eile agus/nó ina nochtar iad ar bhealach neamhúdaraithe. D'fhéadfadh faisnéis phearsanta maidir leis an tsláinte (PHI), faisnéis chéannachta (PII), rúin trádála nó maoin intleachtúil a bheith i gceist le sáruithe ar shonraí) (6) Cibearghadaíocht (lena bhféadfaí calaois ar líne nó gníomhaíochtaí aindleathacha comhchosúla a áireamh) (7) Athbhunú sonraí (a thagraíonn don phróiseas ina ndéantar sonraí cúltaca a chóipeáil as an stóras tánaisteach agus a athbhunú ina suíomh bunaidh nó i suíomh nua. Déantar athbhunú chun sonraí a cailleadh, a goideadh nó a ndearnadh damáiste dóibh a chur ar ais ina riocht bunaidh nó chun sonraí a bhogadh chuig suíomh nua) (8) Costas breise (9) Costais glantacháin córais (10) Imscrúdú agus pionóis riaracháin (11) Díobháil choirp (12) Dliteanas cosanta sonraí agus cibearshlándála (lena n-áirítear freisin impleachtaí RGCS maidir le cosaint sonraí tríú páirtí) (13) Dliteanas meán (i.e. riosca do chlú) (14) Bailiú éagórach faisnéise (15) Sárú ábhair meán/ábhar clúmhillteach (16) Sárú oibleagáidí maidir le fógra a thabhairt (foráiltear le dlí agus/nó forálacha RGCS agaí moille sainithe chun fógra a thabhairt faoi sháruithe ar shonraí)

	MÍR	TREORACHA
		(17) Céadfhreagairt (costais a thabhaítear chun freagairt go tapa ar ionsuithe chun seirbhís a athbhunú) (18) Bainistiú teagmhais (na gníomhaíochtaí uile a theastaíonn chun gnáthghníomhaíochtaí a athbhunú) (19) Costais chumarsáide (i gcás sáruithe móra ar shonraí, d'fhéadfadh sé gur ghá torthaí an tsáraithe a chur in iúl trí mhórmheáin chumarsáide) (20) Faireachán creidmheasa/céannachta (lena n-áirithítear athbhunú/blocáil sonraí creidmheasa nó céannachta arna mbailiú ó chustaiméirí/fhostaithe, etc.) (21) Ciste luaíochtaí maidir le coireacht (ranníocaíocht le cistí rialtais arna mbunú chun dliteanais chibearshlándála i leith tríú páirtithe a chumhdach) (22) Bristeacha teagmhasacha gnó (23) Calaois airgeadais (24) Eile Féadfar níos mó ná rogha amháin a thuairisciú.
C0070	Tuairisc mhionsonraithe ar rioscaí eile	Tuairisc mhionsonraithe ar na rioscaí má roghnaítear riosca eile.
C0080	Suim (suimeanna) faoi árachas	Méid na suime iomláine (na suimeanna iomlána) faoi árachas le haghaidh an aitheantais táirge a thuairiscítear.
C0090	Préimh (préimheanna)	Méid na préimhe iomláine arna tuilleamh (na bpréimheanna iomlána arna dtuilleamh) le haghaidh an aitheantais táirge a thuairiscítear.
C0100	Suim (suimeanna) faoi athárachas	Méid na suime iomláine arna géilleadh (na suimeanna iomlána arna ngéilleadh) do ghnóthais athárachais le haghaidh an aitheantais táirge a thuairiscítear.
C0110	An líon éileamh arna socrú le híocaíocht	An líon éileamh, le haghaidh na catagóire táirge ábhartha, a socraíodh le híocaíocht le linn na bliana tuairiscithe.
C0120	An líon éileamh arna n-íoc	An líon éileamh arna n-íoc, le haghaidh an aitheantais táirge ábhartha, i gcomhair éilimh a socraíodh le híocaíocht le linn na bliana tuairiscithe.
C0130	An líon éileamh arna socrú gan íocaíocht	An líon éileamh, le haghaidh an aitheantais táirge ábhartha, a socraíodh gan íocaíocht le linn na bliana tuairiscithe.
C0140	Forálacha Teicniúla	Méid na bhforálacha teicniúla, le haghaidh an aitheantais táirge ábhartha.

S.16.01 — Faisnéis maidir le blianachtaí a eascraíonn as oibleagáidí Árachais Neamhshaoil

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo le faisnéis a chuirtear isteach gach bliain le haghaidh gnóthais aonair.

Ní thuairisceofar an teimpléad seo le haghaidh gnó athárachais ghlactha.

Ní thuairisceofar an teimpléad seo ach le haghaidh blianachtaí arna socrú go foirmiúil a eascraíonn as conarthaí árachais neamhshaoil agus a bhaineann le hoibleagáidí árachais sláinte agus a bhaineann le hoibleagáidí árachais seachas oibleagáidí árachais sláinte.

Arna socrú go foirmiúil mar bhlianacht, ciallaíonn sin gur ordaíodh le próiseas dlí go bhfuil an tairbhí chun íocaíochtaí a fháil mar bhlianacht.

Sa chás tar éis d'oibleagáid a bheith socraithe go foirmiúil mar bhlianacht gurb é an deireadh a bhíonn ag cuid den oibleagáid sin go socraítear í trí íocaíocht chnapshuime nach raibh san ordú íocaíochta blianachta bunaidh, dhéanfaí an chnapshuim sin a thaifeadadh mar íocaíocht i dteimpléad S.16.01; i.e. níl aon ghluaiseacht maidir le sonraí éileamh amach as teimpléad S.16.01 agus isteach in S.19.01.

Ceanglaítear ar ghnóthais sonraí a thuairisciú ar bhonn bliain timpiste nó bliain frithgheallta, i gcomhréir le haon cheanglas de chuid an Údaráis Maoirseachta Náisiúnta. Murar shonraigh an tÚdarás Maoirseachta Náisiúnta an ceann a úsáidfear ansin féadfaidh an gnóthas bliain timpiste nó bliain frithgheallta a úsáid de réir an chaoi a ndéanann siad bainistiú ar gach réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, ar choinníoll go n-úsáideann siad an bhliain chéanna go comhsheasmhach, bliain ar bhliain.

Tuairisceofar an teimpléad sin de réir na réime gnó neamhshaoil, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, a dhéanann an bhlianacht a thionscnamh agus de réir airgeadra, agus na sonraíochtaí a leanas á gcur san áireamh:

i. Má léirítear leis an meastachán is fearr le haghaidh na bhforálacha éileamh blianachta ar bhonn lascainithe ó réim ghnó neamhshaoil amháin níos mó ná 3 % den mheastachán iomlán is fearr le haghaidh na bhforálacha éileamh blianachta uile tuairisceofar an fhaisnéis leis an deighilt seo a leanas de réir airgeadraí anuas ar an iomlán don réim ghnó:

   a) Méideanna le haghaidh an airgeadra tuairiscithe;

   b) Méideanna le haghaidh aon airgeadra a léiríonn níos mó ná 25 % den mheastachán is fearr le haghaidh na bhforálacha éileamh blianachta ar bhonn lascainithe ón réim ghnó neamhshaoil sin; nó

   c) Méideanna le haghaidh aon airgeadra a léiríonn níos lú ná 25 % den mheastachán is fearr le haghaidh na bhforálacha éileamh blianachta (ar bhonn lascainithe) ón réim ghnó neamhshaoil sin ach níos mó ná 5 % den mheastachán iomlán is fearr le haghaidh na bhforálacha éileamh blianachta uile.

ii. Má léirítear leis an meastachán is fearr le haghaidh na bhforálacha éileamh blianachta ar bhonn lascainithe ó réim ghnó neamhshaoil amháin níos lú ná 3 % den mheastachán iomlán is fearr le haghaidh na bhforálacha éileamh blianachta uile ní cheanglaítear aon deighilt airgeadra, ní thuairisceofar ach amháin an t-iomlán le haghaidh na réime gnó;

iii. Tuairisceofar an fhaisnéis in airgeadra tosaigh na gconarthaí mura sonraítear a mhalairt.

iv. Maidir le gnóthais árachais agus athárachais faoi gchuing a chomhlíonann na coinníollacha atá sonraithe in Airteagal 5 (4) agus (5), tuairisceofar an teimpléad sin gan deighilt airgeadra i.e. tuairiscítear Z0030 i gcónaí mar Iomlán.

Mar a sonraíodh thuas cheana féin, tá an teimpléad sin idirnasctha leis an teimpléad neamhshaoil S.19.01. Suim na bhforálacha teicniúla i dteimpléid S.16.01 agus S.19.01 le haghaidh réim ghnó neamhshaoil amháin, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, léiríonn sé an meastachán iomlán is fearr ar éilimh a thionscnaíonn ón réim ghnó sin (déan tagairt sa loga do theimpléad S.19.01 freisin). Bogann cuid d'oibleagáid nó an oibleagáid ar fad ó S.19.01 go S.16.01, nuair a chomhlíontar an dá choinníoll thíos:

i. Socraíodh cuid den oibleagáid nó an oibleagáid ar fad go foirmiúil mar bhlianacht; agus

ii. is féidir an meastachán is fearr ar oibleagáid arna socrú go foirmiúil mar bhlianacht a shuí ag úsáid teicnící saoil.

Is í Bliain N an bhliain tuairiscithe.

	MÍR	TREORACHA
Z0010	An réim ghnó neamhshaoil ghaolmhar	Ainm na réime gnó mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35. Tionscnamh an dliteanais (costas leighis, cosaint ioncaim, cúiteamh d'oibrithe, dliteanas mótarfheithiclí etc.). Eascraíonn na figiúirí uile sa teimpléad ón réim ghnó ghaolmhar. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 — 1 agus 13 Árachas maidir le costas leighis 2 — 2 agus 14 Árachas cosanta ioncaim 3 — 3 agus 15 Árachas gortuithe tionsclaíocha 4 — 4 agus 16 Árachas dliteanais mótarfheithicle 5 — 5 agus 17 Mótárárachas eile 6 — 6 agus 18 Árachas muirí, eitlíochta agus iompair 7 — 7 agus 19 Árachas dóiteáin agus árachas le haghaidh damáiste eile do mhaoin 8 — 8 agus 20 Árachas dliteanais ghinearálta

	MÍR	TREORACHA
		9 — 9 agus 21 Árachas creidmheasa agus urraíochta 10 — 10 agus 22 Árachas maidir le costais dlí 11 — 11 agus 23 Cúnamh 12 — 12 agus 24 Caillteanas airgeadais ilghnéitheach 25 — Athárachas sláinte neamhréireach 26 — Athárachas taisme neamhréireach 27 — Athárachas muirí, eitlíochta agus iompair neamhréireach 28 — Athárachas maoine neamhréireach
Z0020	An bhliain timpiste/an bhliain frithgheallta	Tuairiscigh an caighdeán arna úsáid ag na gnóthais chun forbairt éileamh a thuairisciú. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 – Bliain timpiste 2 – Bliain frithgheallta
Z0030	Airgeadra	Sainaithin cód aibítre ISO 4217 de chuid airgeadra socraíochta na hoibleagáide. Déantar gach méid, nach dtuairiscítear de réir airgeadra, a thuairisciú in airgeadra tuairiscithe an ghnóthais. Líonfar isteach an mhír sin le "Iomlán" nuair a bheidh an t-iomlán don réim ghnó á thuairisciú, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35. Maidir le gnóthais árachais agus athárachais faoi gchuing a chomhlíonann na coinníollacha atá sonraithe in Airteagal 5 (4) agus (5) tuairisceofar an chill sin i gcónaí mar Iomlán.
Z0040	Comhshó airgeadra	Sainaithin má tá an fhaisnéis arna tuairisciú de réir airgeadra á tuairisciú san airgeadra tosaigh (réamhshocrú) nó san airgeadra tuairiscithe (a shonraítear ar bhealach eile). Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 – Airgeadra tosaigh 2 – Airgeadra tuairiscithe Níl sé infheidhme ach amháin nuair atá tuairisciú á dhéanamh de réir airgeadra.
Faisnéis maidir le bliain N:		
C0010/R0010	An ráta úis ar an meán	An ráta úis ar an meán arna úsáid i gcéatadán (mar dheachúil) le haghaidh dheireadh bhliain N
C0010/R0020	Fad na n-oibleagáidí ar an meán	Fad i mblianta ar an meán ar bhonn oibleagáidí iomlána le haghaidh dheireadh bhliain N
C0010/R0030	Aois ualaithe na dtairbhithe ar an meán	Beidh an t-ualú ar an Meastachán is fearr le haghaidh forálacha éileamh blianachta ag deireadh bhliain N. Ríomhtar aois na dtairbhithe ar mheán ualaithe le haghaidh oibleagáidí iomlána. Is é an tairbhí an duine ar a bhfilleann na híocaíochtaí, tar éis d'éileamh tarlú (a dhéanann difear don duine árachaithe) lena dtionscnaítear an cineál sin íocaíochta. Ba cheart an fhaisnéis a mheas i bhfoirm chomhlán, athárachas san áireamh.

	MÍR	TREORACHA
Faisnéis maidir le blianachtaí:		
C0020/R0040–R0190	Forálacha éileamh blianachta neamhlascainithe ag tús bhliain N	Méid an mheastacháin is fearr ar éilimh bhlianachta ag eascairt as oibleagáidí Árachais Neamhshaoil ag tús bhliain N.
C0030/R0040–R0190	Forálacha éileamh blianachta neamhlascainithe arna mbunú le linn bhliain N	Méid iomlán na bhforálacha éileamh blianachta a eascraíonn as oibleagáidí Árachais Neamhshaoil arna mbunú le linn bhliain N amhail an tráth ar bunaíodh den chéad uair iad (i.e. i gcás inar úsáideadh toimhdí den chéad uair bunaithe ar theicnící saoil) Sin cuid de na forálacha teicniúla a bunaíodh le linn bhliain N (Glanghluaiseachtaí idir cúlchistí nua le linn bhliain N/scaoileadh cúlchistí le linn bhliain N).
C0040/R0040–R0190	Íocaíochtaí blianachta a íocadh le linn bhliain N	Méid iomlán na n-íocaíochtaí blianachta a eascraíonn as oibleagáidí Árachais Neamhshaoil arna ndéanamh le linn bhliain féilire N.
C0050/R0040–R0190	Forálacha éileamh blianachta neamhlascainithe ag deireadh bhliain N	Méid iomlán na bhforálacha éileamh blianachta a eascraíonn as oibleagáidí Árachais Neamhshaoil i ndeireadh bhliain N.
C0060/R0040–R0190	An líon oibleagáidí blianachtaí i ndeireadh bhliain N	An líon oibleagáidí blianachtaí árachais neamhshaoil.
C0070/R0040–R0190	An meastachán is fearr le haghaidh forálacha éileamh blianachta i ndeireadh bhliain N (ar bhonn lascainithe)	An meastachán is fearr ina gcumhdaítear blianachtaí a eascraíonn as oibleagáidí Árachais Neamhshaoil i ndeireadh bhliain féilire N. Ba cheart an fhaisnéis a mheas i bhfoirm chomhlán, atharachas san áireamh.
C0080/R0040–R0190	Toradh forbartha neamhlascainithe	Toradh forbartha neamhlascainithe arna ríomh mar fhorálacha éileamh blianachta neamhlascainithe i dtús bhliain N, lúide na híocaíochtaí blianachta arna n-íoc le linn bhliain N agus lúide forálacha éileamh blianachta neamhlascainithe i ndeireadh bhliain N.
C0020–C0080/R0200	Iomlán	Méid iomlán an toraidh forbartha neamhlascainithe le haghaidh na mblianta timpiste/frithgheallta uile.

S.17.01 — Forálacha Teicniúla Neamhshaoil

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo le cur isteach ráithiúil agus bliantúil na faisnéise le haghaidh eintitis aonair, cistí imfhálaithe, punanna coigeartaithe meaitseála agus an chuid atá fágtha.

Féadfaidh gnóthais neastacháin iomchuí a chur i bhfeidhm le linn dóibh na forálacha teicniúla a ríomh dá dtagraítear in Airteagal 21 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35. Ina theannta sin, féadfar Airteagal 59 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 a chur i bhfeidhm chun an corrlach riosca le linn na bliana airgeadais a ríomh.

Líne Ghnó le haghaidh oibleagáidí neamhshaoil: Na réimeanna gnó, dá dtagraítear in Airteagal 80 de Threoir 2009/138/CE, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, ar tagraíodh iontu do ghnó árachais dhírigh/atharachas comhréireach arna ghlacadh agus atharachas neamhréireach arna ghlacadh. Léireofar leis an deighilt cineál na rioscaí is bonn leis an gconradh (substaint), seachas foirm dhlíthiúil an chonartha (foirm).

Gnó árachais dhírigh sláinte a shaothraítear ar bhonn teicniúil neamhchosúil le hárachas saoil, deighlfear i réim ghnó neamhshaoil 1 go 3 é.

Measfar atharachas comhréireach arna ghlacadh in éineacht leis an ngnó díreach in C0020 go C0130.

Beidh an fhaisnéis a thuairisceofar idir R0010 agus R0280 tar éis an choigeartaithe luaineachta, an choigeartaithe meaitseála agus an choigeartaithe idirthréimhsigh ar an struchtúr téarma ábhartha agus rátaí úis atá saor ó riosca má chuirtear i bhfeidhm é, ach ní áireofar leis an asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla. Iarrtar méid na hasbhainte idirthréimhsí ar fhorálacha teicniúla ar leithligh idir sraitheanna R0290 agus R0310.

	ÍTIM	TREORACHA
Z0020	Ciste Imfhálaithe/Punann coigeartaithe meaitseála nó an chuid atá fágtha	Sainaithnítear leis cibé acu a bhaineann na figiúirí a thuairiscítear le RFF, punann coigeartaithe meaitseála nó leis an gcuid atá fágtha. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — RFF/MAP 2 — An chuid atá fágtha
Z0030	Uimhir Chiste/Phunainne	Uimhir aitheantais le haghaidh ciste imfhálaithe nó punann coigeartaithe meaitseála. Is é an gnóthas a shannann an uimhir sin agus ní mór di a bheith comhsheasmhach le himeacht ama agus leis an uimhir chiste/phunainne a thuairiscítear i dteimpléid eile.
Forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine		
C0020 go C0170/R0010	Forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine	Méid na bhforálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine in aghaidh gach líne ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, maidir le gnó díreach agus gnó arna ghlacadh. Beidh an méid sin comhlán ar aon mhéid in-aisghabhála ó chonradh athárachais/SPV agus athárachas finideach a bhaineann leis an ngnó sin.
C0180/R0010	Forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine – Oibleagáid Neamhshaoil Iomlán	Méid iomlán na bhforálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine maidir le gnó díreach agus gnó arna ghlacadh. Beidh an méid sin comhlán ar aon mhéid in-aisghabhála ó chonradh athárachais/SPV agus athárachas finideach a bhaineann leis an ngnó sin.
C0020 go C0130/R0020	Forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine – gnó árachais dhírigh	Méid na bhforálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine in aghaidh gach réime gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, maidir leis an ngnó árachais dhírigh. Beidh an méid sin comhlán ar aon mhéid in-aisghabhála ó chonradh athárachais/MSC agus athárachas finideach a bhaineann leis an ngnó sin.
C0180/R0020	Oibleagáidí Neamhshaoil iomlána, Forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine, gnó árachais dhírigh	Méid iomlán na bhforálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine, maidir leis an ngnó árachais dhírigh. Beidh an méid sin comhlán ar aon mhéid in-aisghabhála ó chonradh athárachais/MSC agus athárachas finideach a bhaineann leis an ngnó sin.
C0020 go C0130/R0030	Forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine – gnó athárachais chomhréirigh arna ghlacadh	Méid na bhforálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine in aghaidh gach réime gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, maidir leis an ngnó athárachais chomhréirigh arna ghlacadh. Beidh an méid sin comhlán ar aon mhéid in-aisghabhála ó chonradh athárachais/MSC agus athárachas finideach a bhaineann leis an ngnó sin.
C0180/R0030	Oibleagáidí Neamhshaoil iomlána, Forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine, gnó athárachais chomhréirigh iomlán arna ghlacadh	Méid iomlán na bhforálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine, le haghaidh an ghnó athárachais chomhréirigh arna ghlacadh. Beidh an méid sin comhlán ar aon mhéid in-aisghabhála ó chonradh athárachais/MSC agus athárachas finideach a bhaineann leis an ngnó sin.
C0140 go C0170/R0040	Forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine – gnó athárachais neamhréirigh arna ghlacadh	Méid na bhforálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine in aghaidh gach réime gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, maidir leis an ngnó athárachais neamhréirigh arna ghlacadh. Beidh an méid sin comhlán ar aon mhéid in-aisghabhála ó chonradh athárachais/MSC agus athárachas finideach a bhaineann leis an ngnó sin.

	ÍTIM	TREORACHA
C0180/R0040	Oibleagáidí Neamhshaoil Iomlána, Forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine, gnó athárachais neamhréirigh iomlán arna ghlacadh	Méid iomlán na bhforálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine, don ghnó athárachais neamhréirigh arna ghlacadh. Beidh an méid sin comhlán ar aon mhéid in-aisghabhála ó chonradh athárachais/SPV agus athárachas finideach a bhaineann leis an ngnó sin.
C0020 go C0170/R0050	Méideanna in-aisghabhála iomlána ó athárachas/MSC agus athárachas finideach tar éis an choigeartaithe i leith caillteanais a bhfuil coinne leo i ngeall ar mhainneachtain contrapháirtí atá bainteach le forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine	Méid na méideanna in-aisghabhála ó athárachas/MSC agus athárachas finideach tar éis an choigeartaithe i leith caillteanais a bhfuil coinne leo i ngeall ar mhainneachtain contrapháirtí ar na forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine in aghaidh gach réime gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35
C0180/R0050	Méideanna in-aisghabhála iomlána ó athárachas/MSC agus athárachas finideach tar éis an choigeartaithe i leith caillteanais a bhfuil coinne leo i ngeall ar mhainneachtain contrapháirtí atá bainteach le forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine	An méid iomlán, le haghaidh na réimeanna gnó uile, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, de mhéideanna in-aisghabhála ó athárachas/MSC agus athárachas finideach tar éis an choigeartaithe i leith caillteanais a bhfuil coinne leo i ngeall ar mhainneachtain contrapháirtí ar na forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine in aghaidh gach réime gnó.
Forálacha teicniúla arna ríomh mar shuim de mheastachán is fearr agus corrlach riosca – Meastachán is fearr		
C0020 go C0170/R0060	Meastachán is fearr d'fhorálacha Préimhe, Comhlán, iomlán	Méid an mheastacháin is fearr le haghaidh forálacha préimhe, comhlán ar na méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais, meáin shainchuspóireacha agus athárachas finideach, maidir le gach réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, maidir le gnó árachais dhírigh agus gnó arna ghlacadh.
C0180/R0060	Iomlán oibleagáidí neamhshaoil, Meastachán is fearr d'fhorálacha préimhe, Comhlán, iomlán	An méid iomlán den mheastachán is fearr le haghaidh forálacha préimhe, comhlán ar na méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais, feithiclí sainchuspóra agus athárachas finideach maidir le gnó díreach agus gnó arna ghlacadh.
C0020 go C0130/R0070	An meastachán is fearr ar fhorálacha préimhe, Comhlán – gnó árachais dhírigh	Méid an mheastacháin is fearr le haghaidh forálacha préimhe, le haghaidh an ghnó árachais dhírigh, comhlán ar na méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais, meáin shainchuspóireacha agus athárachas finideach, maidir le gach réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
C0180/R0070	Iomlán oibleagáidí neamhshaoil, An meastachán is fearr ar fhorálacha préimhe, Comhlán, gnó árachais dhírigh iomlán	An méid iomlán den mheastachán is fearr le haghaidh forálacha préimhe, le haghaidh an ghnó árachais dhírigh, comhlán ar na méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais, meáin shainchuspóireacha agus athárachas finideach.
C0020 go C0130/R0080	An meastachán is fearr ar fhorálacha préimhe, Comhlán – gnó athárachais chomhréirigh arna ghlacadh	Méid an mheastacháin is fearr le haghaidh forálacha préimhe, le haghaidh an ghnó athárachais chomhréirigh arna ghlacadh, comhlán ar na méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais, meáin shainchuspóireacha agus athárachas finideach, maidir le gach réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.

	ÍTIM	TREORACHA
C0180/R0080	Oibleagáidí Neamhshaoil iomlána, An meastachán is fearr ar fhorálacha préimhe, Comhlán, gnó athárachais chomhréirigh iomlán arna ghlacadh	An méid iomlán den mheastachán is fearr le haghaidh forálacha préimhe, le haghaidh an ghnó athárachais chomhréirigh arna ghlacadh, comhlán ar na méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais, meáin shainchuspóireacha agus athárachas finideach.
C0140 go C0170/R0090	An meastachán is fearr ar fhorálacha préimhe, Comhlán – gnó athárachais neamhréirigh arna ghlacadh	Méid an mheastacháin is fearr le haghaidh forálacha préimhe, le haghaidh an ghnó athárachais neamhréirigh arna ghlacadh, comhlán ar na méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais, meáin shainchuspóireacha agus athárachas finideach, maidir le gach réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
C0180/R0090	Oibleagáidí Neamhshaoil iomlána, An meastachán is fearr ar fhorálacha préimhe, Comhlán, gnó athárachais neamhréirigh iomlán arna ghlacadh	An méid iomlán den mheastachán is fearr le haghaidh forálacha préimhe, le haghaidh an ghnó athárachais neamhréirigh arna ghlacadh, comhlán ar na méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais, meáin shainchuspóireacha agus athárachas finideach.
C0020 go C0170/R0100	An meastachán is fearr le haghaidh forálacha préimhe, Méid iomlán in-aisghabhála ó athárachas/MSC agus athárachas finideach roimh an gcoigeartú le haghaidh caillteanais a bhfuil coinne leo i ngeall ar mhainneachtain contrapháirtí – Gnó athárachais dhírigh agus gnó athárachais arna ghlacadh	Iomlán in-aisghabhála ó athárachas/MSC agus athárachas finideach roimh an gcoigeartú le haghaidh caillteanais a bhfuil coinne leo i ngeall ar mhainneachtain contrapháirtí, a thagraíonn don mheastachán is fearr le haghaidh forálacha préimhe maidir le gach réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
C0180/R0100	Oibleagáidí neamhshaoil iomlána, An meastachán is fearr ar fhorálacha préimhe, Iomlán in-aisghabhála ó athárachas/MSC agus athárachas finideach roimh an gcoigeartú le haghaidh caillteanais a bhfuil coinne leo i ngeall ar mhainneachtain contrapháirtí	An t-iomlán in-aisghabhála ó athárachas/MSC agus athárachas finideach roimh an gcoigeartú le haghaidh caillteanais a bhfuil coinne leo i ngeall ar mhainneachtain contrapháirtí, a thagraíonn don mheastachán is fearr le haghaidh forálacha préimhe.
C0020 go C0170/R0110	An meastachán is fearr ar fhorálacha préimhe, Méideanna in-aisghabhála ó athárachas (seachas MSC agus Athárachas Finideach) roimh an gcoigeartú le haghaidh caillteanais a bhfuil coinne leo – Gnó athárachais dhírigh agus gnó athárachais arna ghlacadh	Méid na méideanna in-aisghabhála ó athárachas (seachas MSC agus Athárachas Finideach) roimh choigeartú le haghaidh caillteanais a bhfuil coinne leo, a thagraíonn don mheastachán is fearr le haghaidh forálacha préimhe, maidir le gach réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 maidir le gnó athárachais dhírigh agus gnó athárachais arna ghlacadh.
C0180/R0110	Oibleagáidí neamhshaoil iomlána, An meastachán is fearr ar fhorálacha préimhe, Méideanna in-aisghabhála ó athárachas (seachas MSC agus Athárachas Finideach) roimh an gcoigeartú le haghaidh caillteanais a bhfuil coinne leo	An méid iomlán de na méideanna in-aisghabhála ó athárachas (seachas MSC agus athárachas finideach) roimh an gcoigeartú le haghaidh caillteanais a bhfuil coinne leo, a thagraíonn don mheastachán is fearr le haghaidh forálacha préimhe.

	ÍTIM	TREORACHA
C0020 go C0170/R0120	An meastachán is fearr ar fhorálacha préimhe, Méideanna in-aisghabhála ó MSC roimh an gcoigeartú le haghaidh caillteanais a bhfuil coinne leo – Gnó athárachais dhírigh agus arna ghlacadh.	Méid na méideanna in-aisghabhála ó MSC roimh choigeartú le haghaidh caillteanais a bhfuil coinne leo, a thagraíonn don mheastachán is fearr le haghaidh forálacha préimhe, maidir le gach réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, maidir le gnó athárachais dhírigh agus gnó athárachais arna ghlacadh.
C0180/R0120	Oibleagáidí neamhshaoil iomlána, An meastachán is fearr ar fhorálacha préimhe, Méideanna in-aisghabhála ó MSC roimh an gcoigeartú le haghaidh caillteanais a bhfuil coinne leo	Méid iomlán na méideanna in-aisghabhála ó MSC roimh an gcoigeartú le haghaidh caillteanais a bhfuil coinne leo, a thagraíonn don mheastachán is fearr le haghaidh forálacha préimhe.
C0020 go C0170/R0130	An meastachán is fearr ar fhorálacha préimhe, Méideanna in-aisghabhála ó Athárachas Finideach roimh an gcoigeartú le haghaidh caillteanais a bhfuil coinne leo – Gnó athárachais dhírigh agus gnó athárachais arna ghlacadh	Méid na méideanna in-aisghabhála ó Athárachas Finideach roimh choigeartú le haghaidh caillteanais a bhfuil coinne leo, a thagraíonn don mheastachán is fearr le haghaidh forálacha préimhe, maidir le gach réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, maidir le gnó athárachais dhírigh agus gnó athárachais arna ghlacadh.
C0180/R0130	Oibleagáidí neamhshaoil iomlána, An meastachán is fearr ar fhorálacha préimhe, Méideanna in-aisghabhála ó Athárachas Finideach roimh an gcoigeartú le haghaidh caillteanais a bhfuil coinne leo.	Méid iomlán na méideanna in-aisghabhála ó Athárachas Finideach roimh an gcoigeartú le haghaidh caillteanais a bhfuil coinne leo, a thagraíonn don mheastachán is fearr le haghaidh forálacha préimhe.
C0020 go C0170/R0140	Meastachán is fearr d'fhorálacha préimhe, Méid iomlán in-aisghabhála ó athárachas/SPV agus athárachas finideach tar éis an choigeartaithe le haghaidh caillteanais a bhfuil coinne leo i ngeall ar mhainneachtain contrapháirtí – Gnó athárachais dhírigh agus gnó athárachais arna ghlacadh	An méid in-aisghabhála ó athárachas/MSC agus athárachas finideach tar éis an choigeartaithe le haghaidh caillteanais a bhfuil coinne leo i ngeall ar mhainneachtain contrapháirtí, maidir le gach réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, maidir le gnó árachais dhírigh agus gnó athárachais arna ghlacadh.
C0180/R0140	Oibleagáidí neamhshaoil iomlána, Meastachán is fearr d'fhorálacha préimhe, Méid in-aisghabhála ó athárachas/SPV agus athárachas finideach tar éis an choigeartaithe le haghaidh caillteanais a bhfuil coinne leo i ngeall ar mhainneachtain contrapháirtí.	Méid iomlán den mhéid in-aisghabhála ó athárachas/SPV agus athárachas finideach tar éis an choigeartaithe le haghaidh caillteanais a bhfuil coinne leo i ngeall ar mhainneachtain contrapháirtí, dá dtagraítear don mheastachán is fearr le haghaidh forálacha préimhe.
C0020 go C0170/R0150	Glan-mheastachán is fearr d'fhorálacha préimhe – Gnó athárachais dhírigh agus gnó athárachais arna ghlacadh	Méid an ghlanmheastacháin is fearr le haghaidh forálacha préimhe, maidir le gach réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
C0180/R0150	Oibleagáidí neamhshaoil iomlán, Glan-mheastachán is fearr d'fhorálacha préimhe	An méid iomlán den ghlan-mheastachán is fearr le haghaidh forálacha préimhe.

	ÍTIM	TREORACHA
C0020 go C0170/R0160	Meastachán is Fearr d'Fhorálacha Éileamh, Comhlán, Iomlán	Méid an mheastacháin is fearr le haghaidh Forálacha Éileamh, comhlán ar na méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais, meáin shainchuspóireacha agus athárachas finideach, maidir le gach réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, maidir le gnó árachais dhírigh agus gnó arna ghlacadh.
C0180/R0160	Oibleagáidí neamhshaoil iomlána, Meastachán is fearr d'Fhorálacha Éileamh, Comhlán, iomlán	An méid iomlán den mheastachán is fearr le haghaidh Forálacha Éileamh, comhlán ar na méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais, feithiclí sainchuspóra agus athárachas finideach.
C0020 go C0130/R0170	An meastachán is Fearr ar Fhorálacha Éileamh, Comhlán – gnó árachais dhírigh	Méid an mheastacháin is fearr le haghaidh forálacha éileamh, comhlán ar na méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais, meáin shainchuspóireacha agus athárachas finideach, maidir le gach réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, maidir le gnó árachais dhírigh.
C0180/R0170	Oibleagáidí neamhshaoil iomlána, An meastachán is fearr ar Fhorálacha Éileamh, Comhlán, gnó árachais dhírigh iomlán	An méid iomlán den mheastachán is fearr le haghaidh Forálacha éileamh, gnó árachais dhírigh, comhlán ar na méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais, meáin shainchuspóireacha agus athárachas finideach.
C0020 go C0130/R0180	An Meastachán is fearr ar Fhorálacha Éileamh, Comhlán – gnó athárachais chomhréirigh arna ghlacadh	Méid an mheastacháin is fearr le haghaidh forálacha éileamh, comhlán ar na méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais, meáin shainchuspóireacha agus athárachas finideach, maidir le gach réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, maidir le hathárachas comhréireach arna ghlacadh.
C0180/R0180	Oibleagáidí Neamhshaoil iomlána, An meastachán is fearr ar Fhorálacha Éileamh, Comhlán, gnó athárachais chomhréirigh iomlán arna ghlacadh	Méid iomlán an mheastacháin is fearr le haghaidh Forálacha éileamh, gnó athárachais chomhréirigh arna ghlacadh, i bhfoirm chomhlán, agus na méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais, meáin shainchuspóireacha agus athárachas finideach san áireamh.
C0140 go C0170/R0190	An meastachán is fearr ar Fhorálacha Éileamh, Comhlán – gnó athárachais neamhréirigh arna ghlacadh	Méid an mheastacháin is fearr le haghaidh Forálacha Éileamh, comhlán ar na méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais, meáin shainchuspóireacha agus athárachas finideach, maidir le gach réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, maidir le hathárachas neamhréireach arna ghlacadh.
C0180/R0190	Oibleagáidí Neamhshaoil iomlána, An meastachán is fearr ar Fhorálacha Éileamh, Comhlán – gnó athárachais neamhréirigh arna ghlacadh	An méid iomlán den mheastachán is fearr le haghaidh Forálacha Éileamh, comhlán ar na méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais, meáin shainchuspóireacha agus athárachas finideach.
C0020 go C0170/R0200	An meastachán is fearr ar Fhorálacha éileamh, An méid in-aisghabhála iomlán ó athárachas/MSC agus athárachas finideach roimh an gcoigeartú le haghaidh caillteanais a bhfuil coinne leo i ngeall ar mhainneachtain contrapháirtí	Iomlán in-aisghabhála ó athárachas/MSC agus Athárachas Finideach, roimh an gcoigeartú le haghaidh caillteanais a bhfuil coinne leo i ngeall ar mhainneachtain contrapháirtí, a thagraíonn don Mheastachán is Fearr le haghaidh Forálacha Éileamh, maidir le gach réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, maidir le gnó athárachais dhírigh agus gnó athárachais arna ghlacadh.

	ÍTIM	TREORACHA
C0180/R0200	Oibleagáidí neamhshaoil iomlána, An meastachán is fearr ar Fhorálacha Éileamh, Iomlán in-aisghabhála ó athárachas/MSC agus athárachas finideach roimh an gcoigeartú le haghaidh caillteanais a bhfuil coinne leo i ngeall ar mhainneachtain contrapháirtí	An t-iomlán in-aisghabhála ó athárachas/MSC, agus athárachas finideach roimh an gcoigeartú le haghaidh caillteanais a bhfuil coinne leo i ngeall ar mhainneachtain contrapháirtí, a thagraíonn don Mheastachán is Fearr le haghaidh Forálacha Éileamh.
C0020 go C0170/R0210	An meastachán is fearr ar Fhorálacha éileamh, Méideanna in-aisghabhála ó athárachas (seachas MSC agus Athárachas Finideach) roimh an gcoigeartú le haghaidh caillteanais a bhfuil coinne leo – Gnó athárachais dhírigh agus gnó athárachais arna ghlacadh	Méid na méideanna in-aisghabhála ó athárachas (seachas MSC agus Athárachas Finideach) roimh choigeartú le haghaidh caillteanais a bhfuil coinne leo, a thagraíonn don Mheastachán is Fearr le haghaidh Forálacha Éileamh, maidir le gach réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, maidir le gnó athárachais dhírigh agus gnó athárachais arna ghlacadh.
C0180/R0210	Oibleagáidí Neamhshaoil iomlána, An meastachán is fearr ar Fhorálacha éileamh, Iomlán in-aisghabhála ó athárachas (seachas MSC agus Athárachas Finideach) roimh an gcoigeartú le haghaidh caillteanais a bhfuil coinne leo – Gnó athárachais dhírigh agus gnó athárachais arna ghlacadh	Méid iomlán de mhéideanna in-aisghabhála ó athárachas (seachas MSC agus Athárachas Finideach) roimh an gcoigeartú le haghaidh caillteanais a bhfuil coinne leo, a thagraíonn don Mheastachán is Fearr le haghaidh Forálacha Éileamh.
C0020 go C0170/R0220	An meastachán is fearr ar Fhorálacha éileamh, Méideanna in-aisghabhála ó MSC roimh an gcoigeartú le haghaidh caillteanais a bhfuil coinne leo – Gnó athárachais dhírigh agus gnó athárachais arna ghlacadh.	Méid na méideanna in-aisghabhála ó MSC roimh choigeartú le haghaidh caillteanais a bhfuil coinne leo, a thagraíonn don Mheastachán is Fearr le haghaidh Forálacha Éileamh, maidir le gach réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, maidir le gnó athárachais dhírigh agus gnó athárachais arna ghlacadh.
C0180/R0220	Oibleagáidí neamhshaoil iomlána, An meastachán is Fearr ar Fhorálacha Éileamh, Méideanna in-aisghabhála ó MSC roimh an gcoigeartú le haghaidh caillteanais a bhfuil coinne leo	Méid iomlán na méideanna in-aisghabhála ó MSC roimh an gcoigeartú le haghaidh caillteanais a bhfuil coinne leo, a thagraíonn don Mheastachán is Fearr le haghaidh Forálacha Éileamh.
C0020 go C0170/R0230	An meastachán is fearr ar Fhorálacha Éileamh, Méideanna in-aisghabhála ó Athárachas Finideach roimh an gcoigeartú le haghaidh caillteanais a bhfuil coinne leo – Gnó athárachais dhírigh agus gnó athárachais arna ghlacadh.	Méid na méideanna in-aisghabhála ó Athárachas Finideach roimh choigeartú le haghaidh caillteanais a bhfuil coinne leo, a thagraíonn don mheastachán is fearr le haghaidh forálacha éileamh, maidir le gach réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, maidir le gnó árachais dhírigh agus gnó athárachais arna ghlacadh.
C0180/R0230	Oibleagáidí neamhshaoil iomlána, An meastachán is fearr ar Fhorálacha Éileamh, Méideanna in-aisghabhála ó Athárachas Finideach roimh an gcoigeartú le haghaidh caillteanais a bhfuil coinne leo.	Méid iomlán na méideanna in-aisghabhála ó Athárachas Finideach roimh an gcoigeartú le haghaidh caillteanais a bhfuil coinne leo, a thagraíonn don Mheastachán is Fearr le haghaidh Forálacha Éileamh.

	ÍTIM	TREORACHA
C0020 go C0170/R0240	Meastachán is fearr d'fhorálacha éileamh, an méid in-aisghabhála iomlán ó athárachas/SPV agus athárachas finideach tar éis an choigeartaithe le haghaidh caillteanais a bhfuil coinne leo i ngeall ar mhainneachtain contrapháirtí – gnó athárachais dhírigh agus gnó athárachais arna ghlacadh	An méid in-aisghabhála ó athárachas/MSC agus athárachas finideach tar éis an choigeartaithe le haghaidh caillteanais a bhfuil coinne leo i ngeall ar mhainneachtain contrapháirtí, maidir le gach réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, maidir le gnó athárachais dhírigh agus gnó athárachais arna ghlacadh.
C0180/R0240	Oibleagáidí neamhshaoil iomlána, Meastachán is fearr d'Fhorálacha Éileamh, Méid in-aisghabhála ó athárachas/SPV agus athárachas finideach tar éis an choigeartaithe le haghaidh caillteanais a bhfuil coinne leo i ngeall ar mhainneachtain contrapháirtí.	Méid iomlán den mhéid in-aisghabhála ó athárachas/SPV agus athárachas finideach tar éis an choigeartaithe le haghaidh caillteanais a bhfuil coinne leo i ngeall ar mhainneachtain contrapháirtí, dá dtagraítear don Mheastachán is fearr le haghaidh Forálacha Éileamh.
C0020 go C0170/R0250	Glan-mheastachán is fearr d'fhorálacha éileamh – gnó athárachais dhírigh agus gnó athárachais arna ghlacadh	An méid den ghlan-mheastachán is fearr le haghaidh forálacha éileamh, maidir le gach réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, maidir le gnó athárachais dhírigh agus gnó athárachais arna ghlacadh.
C0180/R0250	Oibleagáidí neamhshaoil iomlána, Glan-mheastachán is fearr d'Fhorálacha Éileamh	An méid iomlán den ghlan-Mheastachán is fearr le haghaidh Forálacha Éileamh.
C0020 go C0170/R0260	Meastachán is fearr iomlán, Comhlán – gnó athárachais dhírigh agus gnó athárachais arna ghlacadh	An méid den ollmheastachán iomlán is fearr, maidir le gach réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, maidir le gnó árachais dhírigh agus gnó athárachais arna ghlacadh.
C0180/R0260	Oibleagáidí neamhshaoil iomlána, Meastachán is fearr iomlán, Comhlán	An méid iomlán den Ollmheastachán is fearr (suim na bhForálacha Préimhe agus na bhForálacha Éileamh).
C0020 go C0170/R0270	Meastachán is fearr iomlán, Glan – gnó athárachais dhírigh agus gnó athárachais arna ghlacadh	An méid den ghlan-mheastachán iomlán is fearr, maidir le gach réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, maidir le gnó árachais dhírigh agus gnó athárachais arna ghlacadh.
C0180/R0270	Oibleagáidí neamhshaoil iomlána, Meastachán is fearr iomlán, Glan	An méid iomlán den Ghlan-Mheastachán is Fearr (suim den Fhoráil Préimhe agus de na Forálacha Éileamh).
C0020 go C0170/R0280	Forálacha teicniúla arna ríomh mar shuim de mheastachán is fearr agus corrlach riosca – Corrlach riosca	An méid corrlaigh riosca, mar a cheanglaítear le Treoir 2009/138/CE (Airteagal 77(3)). Ríomhtar an corrlach riosca ar phunann iomlán oibleagáidí (ath)árachais agus leithdháiltear ansin ar gach réim ghnó aonair é, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, maidir le gnó árachais dhírigh agus gnó athárachais arna ghlacadh.
C0180/R0280	Oibleagáidí neamhshaoil iomlána, Corrlach riosca iomlán	An méid iomlán corrlaigh riosca, mar a cheanglaítear le Treoir 2009/138/CE (Airteagal 77(3)).

	ÍTIM	TREORACHA
Méid an bhirt idirthréimhsigh maidir le forálacha teicniúla		
C0020 go C0170/R0290	Méid an bhirt idirthréimhsigh maidir le forálacha teicniúla – Forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine	Méid na hasbhainte idirthréimhsí ar Fhorálacha Teicniúla atá leithdháilte ar na forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine, in aghaidh gach réime gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35. Tuairisceofar an luach sin mar luach diúltach i gcás ina laghdóidh sé na forálacha teicniúla.
C0180/R0290	Méid an bhirt idirthréimhsigh maidir le forálacha teicniúla – Forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine	An méid iomlán, in aghaidh gach réime gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, den asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla arna leithdháileadh ar na forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine. Tuairisceofar an luach sin mar luach diúltach i gcás ina laghdóidh sé na forálacha teicniúla.
C0020 go C0170/R0300	Méid an bhirt idirthréimhsigh maidir le forálacha teicniúla – An Meastachán is Fearr	Méid na hasbhainte idirthréimhsí ar fhorálacha teicniúla atá leithdháilte ar an meastachán is fearr, in aghaidh gach réime gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35. Tuairisceofar an luach sin mar luach diúltach i gcás ina laghdóidh sé na forálacha teicniúla.
C0180/R0300	Méid an bhirt idirthréimhsigh maidir le forálacha teicniúla – An Meastachán is Fearr	Méid iomlán, maidir le gach réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, na hasbhainte idirthréimhsí ar fhorálacha teicniúla arna leithdháileadh ar an meastachán is fearr. Tuairisceofar an luach sin mar luach diúltach i gcás ina laghdóidh sé na forálacha teicniúla.
C0020 go C0170/R0310	Méid an bhirt idirthréimhsigh maidir le forálacha teicniúla – Corrlach Riosca	Méid na hasbhainte idirthréimhsí ar fhorálacha teicniúla atá leithdháilte ar an gcorrlach riosca, in aghaidh gach réime gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35. Tuairisceofar an luach sin mar luach diúltach i gcás ina laghdóidh sé na forálacha teicniúla.
C0180/R0310	Méid an bhirt idirthréimhsigh maidir le forálacha teicniúla – Corrlach Riosca	Méid iomlán, maidir le gach réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, na hasbhainte idirthréimhsí ar fhorálacha teicniúla arna leithdháileadh ar an gcorrlach riosca. Tuairisceofar an luach sin mar luach diúltach i gcás ina laghdóidh sé na forálacha teicniúla.
Forálacha teicniúla – Iomlán		
C0020 go C0170/R0320	Forálacha teicniúla, Iomlán – Gnó athárachais dhírigh agus gnó athárachais arna ghlacadh	Méid iomlán na bhforálacha teicniúla comhlána, maidir le gach réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, maidir le gnó árachais dhírigh agus gnó athárachais arna ghlacadh, lena n-áirítear forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine agus tar éis na hasbhainte idirthréimhsí ar fhorálacha teicniúla.
C0180/R0320	Oibleagáidí neamhshaoil iomlána, Foráil Theicniúil – iomlán	Méid iomlán na bhforálacha teicniúla comhlána maidir le gnó athárachais dhírigh agus gnó athárachais arna ghlacadh, lena n-áirítear forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine agus tar éis na hasbhainte idirthréimhsí ar fhorálacha teicniúla.

	ÍTIM	TREORACHA
C0020 go C0170/R0330	Forálacha teicniúla, Iomlán — In-aisghabhála ó chonradh athárachais/SPV agus athárachas finideach, tar éis an choigeartaithe le haghaidh caillteanais a bhfuil coinne leo i ngeall ar mhainneachtain contrapháirtí — gnó athárachais dhírigh agus gnó athárachais arna ghlacadh	Méid iomlán na méide in-aisghabhála ó chonradh athárachais/MSC agus athárachas finideach, tar éis an choigeartaithe le haghaidh caillteanais a bhfuil coinne leo i ngeall ar mhainneachtain contrapháirtí, maidir le gach réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, maidir le gnó árachais dhírigh agus gnó athárachais arna ghlacadh.
C0180/R0330	Oibleagáidí neamhshaoil iomlána, In-aisghabhála ó chonradh athárachais/SPV agus athárachas finideach, tar éis an choigeartaithe le haghaidh caillteanais a bhfuil coinne leo i ngeall ar mhainneachtain contrapháirtí – Gnó athárachais dhírigh agus gnó athárachais arna ghlacadh	An méid iomlán in-aisghabhála ó chonradh athárachais/SPV agus athárachas finideach, tar éis an choigeartaithe le haghaidh caillteanais a bhfuil coinne leo i ngeall ar mhainneachtain contrapháirtí, maidir le gnó athárachais dhírigh agus gnó athárachais arna ghlacadh.
C0020 go C0170/R0340	Forálacha teicniúla, Iomlán – Forálacha teicniúla lúide méideanna in-aisghabhála ó athárachas/SPV agus athárachas finideach – gnó athárachais dhírigh agus gnó athárachais arna ghlacadh	Méid iomlán na nglan-fhorálacha teicniúla, maidir le gach réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, maidir le gnó árachais dhírigh agus gnó athárachais arna ghlacadh, lena n-áirítear forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine agus tar éis na hasbhainte idirthréimhsí ar fhorálacha teicniúla.
C0180/R0340	Oibleagáidí neamhshaoil iomlána, Forálacha teicniúla lúide méideanna in-aisghabhála ó athárachas agus SPV – gnó athárachais dhírigh agus gnó athárachais arna ghlacadh	An méid iomlán de ghlan-fhorálacha teicniúla maidir le gnó athárachais dhírigh agus gnó athárachais arna ghlacadh, lena n-áirítear forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine agus tar éis na hasbhainte idirthréimhsí ar fhorálacha teicniúla.
Réim Ghnó: deighilt bhreise (Grúpaí Riosca Aonfhoirmeacha)		
C0020 go C0170/R0350	Réim Ghnó, deighilt bhreise de réir (Grúpaí Riosca Aonfhoirmeacha) – Forálacha préimhe – An líon iomlán grúpaí riosca aonfhoirmeacha	Faisnéis maidir leis an líon Grúpaí Riosca Aonfhoirmeacha sa deighilt, má rinne an gnóthas (ath)árachais tuilleadh deighilte ar an réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, i ngrúpaí riosca aonfhoirmeacha de réir chineál na rioscaí a fhorluíonn an conradh, maidir le gach réim ghnó i gcás ina ndearnadh an deighilt sin, maidir le gnó árachais dhírigh agus athárachas comhréireach arna ghlacadh agus athárachas neamhréireach arna ghlacadh, i leith forálacha préimhe.
C0020 go C0170/R0360	Réim Ghnó, deighilt bhreise de réir (Grúpaí Riosca Aonfhoirmeacha) – Forálacha éileamh – An líon iomlán grúpaí riosca aonfhoirmeacha	Faisnéis maidir leis an líon Grúpaí Riosca Aonfhoirmeacha sa deighilt, má rinne an gnóthas (ath)árachais tuilleadh deighilte ar an réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, i ngrúpaí riosca aonfhoirmeacha de réir chineál na rioscaí a fhorluíonn an conradh, maidir le gach réim ghnó i gcás ina ndearnadh an deighilt sin, maidir le gnó árachais dhírigh agus athárachas comhréireach arna ghlacadh agus athárachas neamhréireach arna ghlacadh, i leith forálacha éileamh.

	ÍTIM	TREORACHA
C0020 go C0170/R0370	An Meastachán is Fearr ar Fhorálacha Préimhe, eis-sreabhadh airgid, tairbhí agus éilimh thodhchaí	An méid deighilte, maidir le gach réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, maidir le gnó árachais dhírigh agus athárachas comhréireach arna ghlacadh agus athárachas neamhréireach arna ghlacadh, de shreabhadh airgid le haghaidh tairbhí agus éilimh thodhchaí arna n-úsáid chun an t-ollmheastachán is fearr ar fhorálacha préimhe a chinneadh, i.e. an meán atá ualaithe de réir dóchúlachta d'eis-sreabhadh airgid todhchaí, arna lascainiú chun an t-amluach airgid a chur san áireamh (luach láithreach ionchasach sreabhaidh airgid sa todhchaí). I gcás ina n-úsáidtear modheolaíocht stocastach don réamh-mheastachán ar shreabhadh airgid, is gá an meánchás a thuairisciú.
C0180/R0370	An Meastachán is Fearr ar Fhorálacha Préimhe, eis-sreabhadh airgid, tairbhí agus éilimh thodhchaí – Iomlán	An méid iomlán de shreabhadh airgid le haghaidh tairbhí agus éilimh thodhchaí arna n-úsáid chun an t-ollmheastachán is fearr ar fhorálacha préimhe a chinneadh.
C0020 go C0170/R0380	An Meastachán is Fearr ar Fhorálacha Préimhe, eis-sreabhadh airgid, costais todhchaí agus eis-sreabhadh airgid eile	An méid deighilte, maidir le gach réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, maidir le gnó árachais dhírigh agus athárachas comhréireach arna ghlacadh agus athárachas neamhréireach arna ghlacadh, de shreabhadh airgid le haghaidh costais todhchaí agus eis-sreabhadh airgid eile arna n-úsáid chun an t-ollmheastachán is fearr ar fhorálacha préimhe a chinneadh, i.e. meán atá ualaithe de réir dóchúlachta d'eis-sreabhadh airgid todhchaí, arna lascainiú chun an t-amluach airgid a chur san áireamh (luach láithreach ionchasach sreabhaidh airgid sa todhchaí). I gcás ina n-úsáidtear modheolaíocht stocastach don réamh-mheastachán ar shreabhadh airgid, is gá an meánchás a thuairisciú.
C0180/R0380	An Meastachán is fearr ar Fhorálacha Préimhe, eis-sreabhadh airgid, costais todhchaí agus eis-sreabhadh airgid eile – Iomlán	An méid iomlán de chostais todhchaí agus eis-sreabhadh airgid eile arna n-úsáid chun an t-ollmheastachán is fearr ar fhorálacha préimhe a chinneadh.
C0020 go C0170/R0390	An Meastachán is fearr ar Fhorálacha Préimhe, insreabhadh airgid, préimheanna todhchaí	An méid deighilte, maidir le gach réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, maidir le gnó árachais dhírigh agus athárachas comhréireach arna ghlacadh agus athárachas neamhréireach arna ghlacadh, de shreabhadh airgid le haghaidh préimheanna todhchaí arna n-úsáid chun an t-ollmheastachán is fearr ar fhorálacha préimhe a chinneadh, i.e. an meán atá ualaithe de réir dóchúlachta d'eis-sreabhadh airgid todhchaí, arna lascainiú chun an t-amluach airgid a chur san áireamh (luach láithreach ionchasach sreabhaidh airgid sa todhchaí). I gcás ina n-úsáidtear modheolaíocht stocastach don réamh-mheastachán ar shreabhadh airgid, is gá an meánchás a thuairisciú.
C0180/R0390	An Meastachán is fearr ar Fhorálacha Préimhe, insreabhadh airgid, préimheanna todhchaí – Iomlán	An méid iomlán de phréimheanna todhchaí arna n-úsáid chun an t-ollmheastachán is fearr ar fhorálacha préimhe a chinneadh.
C0020 go C0170/R0400	An Meastachán is Fearr ar Fhorálacha Préimhe, Insreabhadh airgid, Insreabhadh airgid eile (lena n-áirítear Méideanna in-aisghabhála ó tharrthálas agus seachaíocht)	An méid deighilte, maidir le gach réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, maidir le gnó árachais dhírigh agus athárachas comhréireach arna ghlacadh agus athárachas neamhréireach arna ghlacadh, de shreabhadh airgid le haghaidh insreabhadh airgid eile, lena n-áirítear méideanna in-aisghabhála ó tharrthálas agus seachaíocht, arna n-úsáid chun an t-ollmheastachán is fearr ar fhorálacha préimhe a chinneadh, i.e. an meán atá ualaithe de réir dóchúlachta d'insreabhadh airgid todhchaí, arna lascainiú chun an t-amluach airgid a chur san áireamh (luach láithreach ionchasach sreabhaidh airgid sa todhchaí). I gcás ina n-úsáidtear modheolaíocht stocastach don réamh-mheastachán ar shreabhadh airgid, is gá an meánchás a thuairisciú.

	ÍTIM	TREORACHA
C0180/R0400	An Meastachán is fearr ar Fhorálacha Préimhe, Insreabhadh airgid, Insreabhadh airgid eile (lena n-áirítear méideanna in-aisghabhála ó tharrthálas agus seachaíocht) – Iomlán	An méid iomlán d'insreabhadh airgid eile (lena n-áirítear méideanna in-aisghabhála ó tharrthálas agus seachaíocht) arna úsáid chun an t-ollmheastachán is fearr ar fhorálacha préimhe a chinneadh.
C0020 go C0170/R0410	An Meastachán is fearr ar Fhorálacha Éileamh, eis-sreabhadh airgid, tairbhí agus éilimh thodhchaí	An méid deighilte, maidir le gach réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, maidir le gnó athárachais dhírigh agus athárachais chomhréirigh arna ghlacadh agus athárachas neamhréireach arna ghlacadh, de shreabhadh airgid le haghaidh tairbhí agus éilimh thodhchaí arna n-úsáid chun an t-ollmheastachán is fearr ar fhorálacha éileamh a chinneadh, i.e. an meán atá ualaithe de réir dóchúlachta d'eis-sreabhadh airgid todhchaí, arna lascainiú chun an t-amluach airgid a chur san áireamh (luach láithreach ionchasach sreabhaidh airgid sa todhchaí). I gcás ina n-úsáidtear modheolaíocht stocastach don réamh-mheastachán ar shreabhadh airgid, is gá an meánchás a thuairisciú.
C0180/R0410	An Meastachán is fearr ar Fhorálacha Éileamh, eis-sreabhadh airgid, tairbhí agus éilimh thodhchaí – Iomlán	An méid iomlán d'Fhorálacha Éileamh, eis-sreabhadh airgid, tairbhí agus éilimh thodhchaí arna n-úsáid chun an t-ollmheastachán is fearr ar fhorálacha éileamh a chinneadh.
C0020 go C0170/R0420	An Meastachán is fearr ar Fhorálacha Éileamh, eis-sreabhadh airgid, costais todhchaí agus eis-sreabhadh airgid eile	An méid deighilte, maidir le gach réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, maidir le gnó árachais dhírigh agus athárachas comhréireach arna ghlacadh agus athárachas neamhréireach arna ghlacadh, de shreabhadh airgid le haghaidh costais todhchaí agus eis-sreabhadh airgid eile arna n-úsáid chun an t-ollmheastachán is fearr ar fhorálacha éileamh a chinneadh, i.e. an meán atá ualaithe de réir dóchúlachta d'eis-sreabhadh airgid todhchaí, arna lascainiú chun an t-amluach airgid a chur san áireamh (luach láithreach ionchasach sreabhaidh airgid sa todhchaí). I gcás ina n-úsáidtear modheolaíocht stocastach don réamh-mheastachán ar shreabhadh airgid, is gá an meánchás a thuairisciú.
C0180/R0420	An Meastachán is fearr ar Fhorálacha Éileamh, eis-sreabhadh airgid, costais todhchaí agus eis-sreabhadh airgid eile – Iomlán	An méid iomlán d'Fhorálacha Éileamh, eis-sreabhadh airgid, costais todhchaí agus eis-sreabhadh airgid eile arna n-úsáid chun an t-ollmheastachán is fearr ar fhorálacha éileamh a chinneadh.
C0020 go C0170/R0430	An Meastachán is fearr ar Fhorálacha Éileamh, insreabhadh airgid, préimheanna todhchaí	An méid deighilte, maidir le gach réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, maidir le gnó árachais dhírigh agus athárachas comhréireach arna ghlacadh agus athárachas neamhréireach arna ghlacadh, de shreabhadh airgid le haghaidh préimheanna todhchaí arna n-úsáid chun an t-ollmheastachán is fearr ar fhorálacha éileamh a chinneadh, i.e. an meán atá ualaithe de réir dóchúlachta d'insreabhadh airgid todhchaí, arna lascainiú chun an t-amluach airgid a chur san áireamh (luach láithreach ionchasach sreabhaidh airgid sa todhchaí). I gcás ina n-úsáidtear modheolaíocht stocastach don réamh-mheastachán ar shreabhadh airgid, is gá an meánchás a thuairisciú.
C0180/R0430	An Meastachán is fearr ar Fhorálacha Éileamh, insreabhadh airgid, préimheanna todhchaí – Iomlán	An méid iomlán d'Fhorálacha Éileamh, insreabhadh airgid, préimheanna todhchaí arna n-úsáid chun an t-ollmheastachán is fearr ar fhorálacha éileamh a chinneadh.

	ÍTIM	TREORACHA
C0020 go C0170/R0440	An Meastachán is fearr ar Fhorálacha Éileamh, Insreabhadh airgid, Insreabhadh airgid eile (lena n-áirítear Méideanna in-aisghabhála ó tharrthálas agus seachaíocht)	An méid deighilte, maidir le gach réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, maidir le gnó árachais dhírigh agus athárachas comhréireach arna ghlacadh agus athárachas neamhréireach arna ghlacadh, d'insreabhadh airgid eile (lena n-áirítear méideanna in-aisghabhála ó tharrthálas agus seachaíocht), arna n-úsáid chun an t-ollmheastachán is fearr ar fhorálacha éileamh a chinneadh, i.e. an meán atá ualaithe de réir dóchúlachta d'insreabhadh airgid todhchaí, arna lascainiú chun an t-amluach airgid a chur san áireamh (luach láithreach ionchasach sreabhaidh airgid sa todhchaí). I gcás ina n-úsáidtear modheolaíocht stocastach don réamh-mheastachán ar shreabhadh airgid, is gá an meánchás a thuairisciú.
C0180/R0440	An Meastachán is fearr ar Fhorálacha Éileamh, Insreabhadh airgid, Insreabhadh airgid eile (lena n-áirítear Méideanna in-aisghabhála ó tharrthálas agus seachaíocht) – Iomlán	An méid iomlán d'Fhorálacha Éileamh, insreabhadh airgid, insreabhadh airgid eile (lena n-áirítear méideanna in-aisghabhála ó tharrthálas agus seachaíocht) arna n-úsáid chun an t-ollmheastachán is fearr ar fhorálacha éileamh a chinneadh.
C0020 go C0170/R0450	Modhanna agus teicnící simplithe á n-úsáid chun forálacha teicniúla a ríomh – Céatadán an ollmheastacháin is fearr arna ríomh agus neastacháin á n-úsáid	Céatadán an ollmheastacháin is fearr a áirítear san ollmheastachán iomlán is fearr (R0260) arna ríomh agus neastacháin á n-úsáid mar a leagtar síos in Airteagal 21 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, in aghaidh gach Réime Gnó.
C0180/R0450	Modhanna agus teicnící simplithe á n-úsáid chun forálacha teicniúla a ríomh – Céatadán an ollmheastacháin is fearr arna ríomh agus neastacháin á n-úsáid – Iomlán	Céatadán an ollmheastacháin iomlán is fearr a áirítear san Ollmheastachán Iomlán is Fearr (R0260) arna ríomh agus neastacháin á n-úsáid mar a leagtar síos in Airteagal 21 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, in aghaidh gach Réime Gnó maidir le gnó árachais dhírigh agus athárachas comhréireach arna ghlacadh agus athárachas neamhréireach arna ghlacadh.
C0020 go C0170/R0460	An meastachán is fearr faoi réir choigeartú idirthréimhseach an ráta úis	Méid an mheastacháin is fearr in R0260 atá faoi réir an choigeartaithe idirthréimhsigh i leith an struchtúir téarma ábhartha agus rátaí úis atá saor ó riosca, le haghaidh gach réime gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
C0180/R0460	An meastachán is fearr faoi réir choigeartú idirthréimhseach an ráta úis – oibleagáid neamhshaoil iomlán	An méid iomlán, le haghaidh na réimeanna gnó uile, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, den mheastachán is fearr in R0260 atá faoi réir an choigeartaithe idirthréimhsigh i leith an struchtúir ábhartha téarma agus rátaí úis atá saor ó riosca.
C0020 go C0170/R0470	Forálacha teicniúla gan coigeartú idirthréimhseach an ráta úis	Méid na bhforálacha teicniúla arna ríomh gan an coigeartú idirthréimhseach i leith an struchtúir ábhartha téarma agus rátaí úis atá saor ó riosca, le haghaidh gach réime gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35. I gcásanna ina raibh na meastacháin chéanna, arb iad na meastacháin is fearr iad, faoi réir an choigeartaithe luaineachta freisin, léireoidh an méid a thuairiscítear sa mhír seo an luach gan an coigeartú idirthréimhseach i leith an struchtúir ábhartha téarma agus rátaí úis atá saor ó riosca a áireamh ach beidh an coigeartú luaineachta san áireamh ann.
C0180/R0470	Forálacha teicniúla gan coigeartú idirthréimhseach an ráta úis – oibleagáid neamhshaoil iomlán	Méid iomlán, le haghaidh gach réime gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, na bhforálacha teicniúla arna ríomh gan an coigeartú idirthréimhseach i leith an struchtúir ábhartha téarma agus rátaí úis atá saor ó riosca. I gcásanna ina raibh na meastacháin chéanna, arb iad na meastacháin is fearr iad, faoi réir an choigeartaithe luaineachta freisin, léireoidh an méid a thuairiscítear sa mhír seo an luach gan an coigeartú idirthréimhseach i leith an struchtúir ábhartha téarma agus rátaí úis atá saor ó riosca a áireamh ach beidh an coigeartú luaineachta san áireamh ann.

	ÍTIM	TREORACHA
C0020 go C0170/R0480	An meastachán is fearr faoi réir coigeartú luaineachta	Méid an mheastacháin is fearr arna thuairisciú in R0260 faoi réir an choigeartaithe luaineacha, le haghaidh gach Réime Gnó.
C0180/R0480	An meastachán is fearr faoi réir coigeartú luaineachta – oibleagáid neamhshaoil iomlán	An méid iomlán, le haghaidh na réimeanna gnó uile, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, den mheastachán is fearr arna thuairisciú in R0260 atá faoi réir an choigeartaithe luaineachta.
C0020 go C0170/R0490	Forálacha teicniúla gan coigeartú luaineachta agus gan bearta idirthréimhseacha eile	Méid na bhforálacha teicniúla gan an coigeartú luaineachta, le haghaidh gach réime gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35. I gcásanna ina raibh na meastacháin chéanna is fearr faoi réir na hasbhainte idirthréimhsí freisin ar fhorálacha teicniúla/an choigeartaithe idirthréimhsigh i leith an struchtúir ábhartha téarma agus rátaí úis atá saor ó riosca, léireoidh an méid a thuairiscítear sa mhír seo an luach gan an coigeartú idirthréimhseach i leith an struchtúir ábhartha téarma agus rátaí úis atá saor ó riosca agus gan an coigeartú luaineachta araon.
C0180/R0490	Forálacha teicniúla gan coigeartú luaineachta agus gan bearta idirthréimhseacha eile – oibleagáid neamhshaoil iomlán	Méid iomlán, le haghaidh na réimeanna gnó uile, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, na bhforálacha teicniúla gan coigeartú luaineachta. I gcásanna ina raibh na meastacháin chéanna is fearr faoi réir na hasbhainte idirthréimhsí freisin ar fhorálacha teicniúla/an choigeartaithe idirthréimhsigh i leith an struchtúir ábhartha téarma agus rátaí úis atá saor ó riosca, léireoidh an méid a thuairiscítear sa mhír seo an luach gan an coigeartú idirthréimhseach i leith an struchtúir ábhartha téarma agus rátaí úis atá saor ó riosca agus gan an coigeartú luaineachta araon.
C0020, C0030, C0040, C0050, C0060, C0070, C0080, C0090, C0100, C0110, C0120, C0130, C0140, C0150, C0160, C0170/R0500	Brabúis lena bhfuil coinne a áirítear i bpréimheanna amach anseo (EPIFP)	Méid an bhrabúis lena bhfuil coinne i bpréimheanna amach anseo (“EPIFP”) i bhfoirm chomhlán, athárachas agus cánacha san áireamh (i.e. gan a dtionchar a mheas), le haghaidh gach réime gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
C0180/R0500	Brabúis lena bhfuil coinne a áirítear i bpréimheanna todhchaí (EPIFP) — oibleagáid neamhshaoil iomlán	Méid iomlán an bhrabúis lena bhfuil coinne i bpréimheanna todhchaí (“EPIFP”) i bhfoirm chomhlán, athárachas agus cánacha san áireamh (i.e. gan a dtionchar a mheas), le haghaidh oibleagáid neamhshaoil.

S.17.03 — Forálacha Teicniúla Neamhshaoil — De réir tíre

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh eintitis aonair. Níl an teimpléad dlite i gcás nach infheidhme iad na tairseacha le haghaidh tuairisciú de réir tíre a dtugtar tuairisc orthu thíos, i.e. i gcás ina mbaineann 100 % de shuim na bhforálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine agus an ollmheastacháin is fearr leis an tír bhaile. I gcás ina mbeidh an méid sin níos airde ná 90 % ach níos ísle ná 100 %, ní thuairisceofar ansin ach R0010, R0020, R0030, R0040, R0050, R0060, R0070, R0080 agus R0090.

Is é luach absalóideach na bhforálacha teicniúla diúltacha ar leibhéal na réime gnó nó na dtíortha a mheasfar chun ábharthacht na dtairseach thuas a ríomh.

Gnó árachais dhírigh sláinte a shaothraítear ar bhonn teicniúil neamhchosúil le hárachas saoil, deighlfear i réim ghnó neamhshaoil 1 go 3 é.

Déanfaidh gnóthais na hoibleagáidí uile in airgeadraí éagsúla a chur san áireamh agus iad a chomhshó san airgeadra tuairiscithe.

Déanfar an fhaisnéis de réir tíre a thuairisciú dá réir seo a leanas:

a) Tuairisceofar faisnéis maidir leis an tír bhaile i gcónaí gan beann ar mhéid na bhforálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine ná ar mhéid an ollmheastacháin is fearr (dá dtagraítear gnó árachais dhírigh);

b) An fhaisnéis a thuairiscítear de réir tíre, léireofar léi 90 % d'iomlán na bhforálacha teicniúla ina n-iomláine agus an ollmheastacháin is fearr, ar a laghad, (dá dtagraítear gnó árachais dhírigh) d'aon réim ghnó;

c) Más gá tír shonrach a thuairisciú le haghaidh réim áirithe ghnó chun fomhír b) a chomhlíonadh, tuairisceofar an tír sin le haghaidh gach réime gnó;

d) Tuairisceofar na tíortha eile i bhfoirm chomhiomlánaithe mar "LEE eile" nó "neamh-LEE eile";

e) Maidir leis an ngnó árachais dhírigh le haghaidh na línte gnó "Costas leighis", "Cosaint ioncaim", "Gortuithe tionsclaíocha", "Dóiteán agus damáiste eile do mhaoin" agus "Creidmheas agus urraíocht", tuairisceofar an fhaisnéis de réir na tíre ina bhfuil an riosca suite mar a shainmhínítear in Airteagal 13 (13) de Threoir 2009/138/CE;

f) I gcás gnó árachais dhírigh le haghaidh gach réime gnó eile nach dtagraítear dó i bhfomhír e) tuairisceofar faisnéis de réir na tíre ina ndearnadh an conradh;

Chun críocha an teimpléid seo, ciallaíonn "tír ina ndearnadh an conradh":

a) An tír ina bhfuil an gnóthas árachais bunaithe (tír bhaile) i gcás nár díoladh an conradh trí bhrainse nó saoirse chun seirbhísí a sholáthar;

b) An tír ina bhfuil an brainse lonnaithe (tír óstach) i gcás inar díoladh an conradh trí bhrainse;

c) An tír inar tugadh fógra faoin tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar (tír óstach) i gcás inar díoladh an conradh trí shaoirse chun seirbhísí a sholáthar.

d) I gcás ina n-úsáidtear idirghabhálaí nó in aon chás eile, is a), b) nó c) atá ann ag brath ar cé a dhíol an conradh.

San fhaisnéis atá le tuairisciú áireofar an coigeartú luaineachta, an coigeartú meaitseála, an coigeartú idirthréimhseach i leith an struchtúir ábhartha téarma agus rátaí úis atá saor ó riosca agus an asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla.

	MÍR	TREORACHA
C0010	Tír 1 …	Tuairiscigh cód tíre ISO 3166–1 alfa-2 de chuid gach tíre is gá sa tairseach ábharthachta, ró ar ró.
Z0010	Cineál Gnó	Úsáidfear ceann de na roghanna seo a leanas: 1 - Árachas 2 – Athárachas comhréireach arna ghlacadh an luach ceart idir rogha (a) agus (b)
C0020 go C0130/R0010	Forálacha teicniúla comhlána arna ríomh ina n-iomláine agus an t-ollmheastachán is fearr le haghaidh tíortha éagsúla — Tír bhaile	Méid na forála teicniúla comhláine arna ríomh ina hiomláine agus an ollmheastacháin is fearr, de réir na tíre ina bhfuil an riosca lonnaithe nó de réir na tíre ina ndearnadh an conradh i gcás inarb í an tír bhaile an tír, le haghaidh gach réime gnó, maidir le gnó árachais dhírigh amháin (gan athárachas arna ghlacadh san áireamh). I roinnt cásanna d'fhéadfadh sé gur ghá do ghnóthas a bhreithiúnas/neastacháin a úsáid chun sonraí cruinne a sholáthar, i gcomhréir le toimhdí arna n-úsáid chun Forálacha Teicniúla a ríomh.
C0020 go C0130/R0020	Forálacha teicniúla comhlána arna ríomh ina n-iomláine agus an t-ollmheastachán is fearr le haghaidh tíortha éagsúla — Tíortha LEE lasmuigh den tairseach ábharthachta — gan bheith tuairiscithe de réir tíre	Méid na forála teicniúla comhláine arna ríomh ina hiomláine agus an ollmheastacháin is fearr, le haghaidh thíortha LEE atá lasmuigh den tairseach ábharthachta (i.e. iad siúd nach dtuairiscítear ar leithligh de réir tíre), seachas an tír bhaile, le haghaidh gach réime gnó, maidir le gnó árachais dhírigh amháin (gan athárachas arna ghlacadh san áireamh) I roinnt cásanna d'fhéadfadh sé gur ghá do ghnóthas a bhreithiúnas/neastacháin a úsáid chun sonraí cruinne a sholáthar, i gcomhréir le toimhdí arna n-úsáid chun forálacha teicniúla a ríomh.

	MÍR	TREORACHA
C0140/R0170	Éilimh a tuairiscíodh le linn na bliana, Éilimh Iata i ndeireadh na bliana, a socraíodh le híocaíocht – An líon éileamh a tugadh i gcrích le híocaíochtaí	An líon éileamh a tuairiscíodh le linn na bliana agus a tugadh chun críche ag deireadh na bliana agus a socraíodh le híocaíochtaí, don bhliain timpiste/frithgheallta, maidir leis an mbliain tuairiscithe N.
C0150/R0170	Éilimh a tuairiscíodh le linn na bliana, Éilimh Iata i ndeireadh na bliana, a socraíodh le híocaíocht – Ollíocaíochtaí a rinneadh le linn na bliana reatha	An méid ollíocaíochtaí, glan ar tharrthálas agus seachaíocht, a rinneadh le linn na bliana reatha maidir le héilimh a tuairiscíodh le linn na bliana agus a tugadh chun críche ag deireadh na bliana agus a socraíodh le híocaíochtaí, don bhliain timpiste/frithgheallta, maidir leis an mbliain tuairiscithe N. Áirítear leis an méid sin na gnéithe uile lena gcomhdhéantar an t-éileamh féin ach lena n-eisiatar aon chostas seachas iad sin is féidir a chur i leith éilimh shonracha.
C0160/R0170	Éilimh a tuairiscíodh le linn na bliana, Éilimh Iata i ndeireadh na bliana, a socraíodh gan aon íocaíocht – An líon éileamh a tugadh i gcrích gan aon íocaíocht	An líon éileamh a tuairiscíodh le linn na bliana agus a tugadh chun críche ag deireadh na bliana agus a socraíodh gan aon íocaíocht, don bhliain timpiste/frithgheallta, maidir leis an mbliain tuairiscithe N.
C0110/R0180	Éilimh Iomlána a tuairiscíodh le linn na bliana, Éilimh Oscailte ag deireadh na bliana – An líon éileamh	An líon iomlán éileamh a tuairiscíodh le linn na bliana a bhí fós oscailte ag deireadh na bliana.
C0120/R0180	Éilimh iomlána a tuairiscíodh le linn na bliana, Éilimh Oscailte ag deireadh na bliana – Ollíocaíochtaí a rinneadh le linn na bliana reatha	Iomlán na n-ollíocaíochtaí, glan ar tharrthálas agus seachaíocht, a rinneadh le linn na bliana reatha maidir leis an líon iomlán éileamh a tuairiscíodh le linn na bliana agus a bhí fós oscailte ag deireadh na bliana. Áirítear leis an méid sin na gnéithe uile lena gcomhdhéantar an t-éileamh féin ach lena n-eisiatar aon chostas seachas iad sin is féidir a chur i leith éilimh shonracha.
C0130/R0180	Éilimh iomlána a tuairiscíodh le linn na bliana, Éilimh Oscailte ag deireadh na bliana – Oll-RBNS ag deireadh na tréimhse	Iomlán na n-oll-RBNS, glan ar tharrthálas agus seachaíocht, ag deireadh na tréimhse maidir leis an líon iomlán éileamh a tuairiscíodh le linn na bliana agus a bhí fós oscailte ag deireadh na bliana. Áirítear leis an méid sin na gnéithe uile lena gcomhdhéantar an t-éileamh féin ach lena n-eisiatar aon chostas seachas iad sin is féidir a chur i leith éilimh shonracha.

	MÍR	TREORACHA
C0140/R0180	Éilimh iomlána a tuairiscíodh le linn na bliana, Éilimh Iata ag deireadh na bliana, a socraíodh le híocaíocht – An líon éileamh a tugadh i gcrích le híocaíochtaí	An líon iomlán éileamh a tuairiscíodh le linn na bliana agus a socraíodh le híocaíochtaí.
C0150/R0180	Éilimh iomlána a tuairiscíodh le linn na bliana, Éilimh Iata ag deireadh na bliana, a socraíodh le híocaíocht – Ollíocaíochtaí a rinneadh le linn na bliana reatha	Ollíocaíochtaí, glan ar tharrthálas agus seachaíocht, a rinneadh le linn na bliana reatha maidir le héilimh a tuairiscíodh le linn na bliana agus a socraíodh le híocaíochtaí. Áirítear leis an méid sin na gnéithe uile lena gcomhdhéantar an t-éileamh féin ach lena n-eisiatar aon chostas seachas iad sin is féidir a chur i leith éilimh shonracha.
C0160/R0180	Éilimh iomlána a tuairiscíodh le linn na bliana, Éilimh Iata ag deireadh na bliana, a socraíodh gan aon íocaíocht – An líon éileamh a tugadh i gcrích gan aon íocaíocht	An líon iomlán éileamh a tuairiscíodh le linn na bliana agus a socraíodh gan aon íocaíocht.

S.21.01 — Próifíl riosca an dáilte caillteanais

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo le faisnéis a chuirtear isteach gach bliain le haghaidh gnóthais aonair.

Tuairisceofar an teimpléad seo le haghaidh gach réime gnó neamhshaoil ábhartha le haghaidh gnó árachais dhírigh, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, lena léirítear cumhdach 90 % de na forálacha teicniúla neamhshaoil. Tuairisceofar réim ghnó i gcomhréir le méid na bhforálacha teicniúla, i.e. an réim ghnó lena mbaineann an méid is airde forálacha teicniúla.

Measfar na forálacha teicniúla diúltacha ar leibhéal na réime gnó le luach absalóideach chun ábharthacht na tairsí a ríomh.

Leis an bpróifíl dáilte caillteanais neamhshaoil taispeántar an dáileadh, i réimeanna (réamhshainithe), de na héilimh charntha a tabhaíodh ag deireadh na bliana tuairiscithe.

Ciallaíonn éilimh charntha a tabhaíodh suim na n-olléileamh a íocadh agus olléilimh a tuairiscíodh ach nár socraíodh (RBNS) ar bhonn cás ar chás le haghaidh gach éilimh aonair, oscailte nó iata, a bhaineann le bliain timpiste shonrach ("BT")/bliain frithgheallta ("BFG") (BT/BFG). Áirítear le héilimh a tabhaíodh na gnéithe uile lena gcomhdhéantar an t-éileamh féin ach lena n-eisiatar aon chostas seachas iad sin atá inchurtha i leith éilimh shonracha. Tuairisceofar sonraí maidir le héilimh glan ar tharrthálas agus seachaíocht. Iarrtar sonraí stairiúla, ag tosú ón gcéad uair a chuirtear Sócmhainneacht II i bhfeidhm.

Ceanglaítear ar ghnóthais sonraí a thuairisciú ar bhonn bliain timpiste nó bliain frithgheallta, i gcomhréir le haon cheanglas de chuid an Údaráis Maoirseachta Náisiúnta. Murar shonraigh an tÚdarás Maoirseachta Náisiúnta an ceann a úsáidfear ansin féadfaidh an gnóthas bliain timpiste nó bliain frithgheallta a úsáid de réir an chaoi a ndéanann siad bainistiú ar gach réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, ar choinníoll go n-úsáideann siad an bhliain chéanna go comhsheasmhach, bliain ar bhliain.

Na réimeanna réamhshainithe atá le húsáid, sainítear in euro iad. Maidir le hairgeadraí tuairiscithe éagsúla, saineoidh gach údarás maoirseachta ábhartha na roghanna coibhéiseacha le haghaidh na méideanna atá le húsáid sa 20 réim.

Féadfaidh gnóthas réimeanna sonracha don ghnóthas a úsáid, go háirithe i gcás inar lú na caillteanais arna dtabhú ná EUR 100 000. Úsáidfear na réimeanna sonracha go comhsheasmhach thar na tréimhsí tuairiscithe, mura dtagann athrú mór ar an dáileadh éileamh. Sa chás sin, tabharfaidh an gnóthas fógra don údarás maoirseachta roimh ré, ach amháin má shonraigh an t-údarás maoirseachta é sin cheana féin.

	MÍR	TREORACHA
Z0010	Réim ghnó	Sainaithint na réime gnó mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, arna tuairisciú. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 — Árachas maidir le caiteachas leighis 2 — Árachas cosanta ioncaim 3 — Árachas gortuithe tionsclaíocha 4 — Árachas dliteanais mótarfheithicle 5 — Árachas mótair eile 6 — Árachas muirí, eitlíochta agus iompair 7 — Árachas dóiteáin agus árachas le haghaidh damáiste eile do mhaoin 8 — Árachas dliteanais ghinearálta 9 — Árachas creidmheasa agus urraíochta 10 — Árachas maidir le costais dlí 11 — Cúnamh 12 — Caillteanas airgeadais ilghnéitheach
Z0020	An bhliain timpiste/an bhliain frithgheallta	Tuairiscigh an caighdeán arna úsáid ag na gnóthais chun teimpléad S.19.01 a thuairisciú. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 – Bliain timpiste 2 – Bliain frithgheallta
C0030/R0010 go R0210	Éilimh thosaigh arna dtabhú	Méid tosaigh eatramh na réime comhfhreagraí. I gcás inarb é an Euro an t-airgeadra tuairiscithe, féadfar ceann de na cúig bhunrogha seo a leanas a úsáid bunaithe ar an ngnáthdháileadh caillteanais: 1 — 20 réim de 5000 móide aon réim oscailte bhreise amháin i gcás caillteanais charntha arna dtabhú > 100 000. 2 — 20 réim de 50000 móide aon réim oscailte bhreise amháin i gcás caillteanais charntha arna dtabhú > 1 mhilliún. 3 — 20 réim de 250 000 móide 1 réim oscailte bhreise i gcás caillteanais charntha arna dtabhú > 5 mhilliún. 4 — 20 réim de 1 mhilliún móide 1 réim oscailte bhreise i gcás caillteanais charntha arna dtabhú > 20 milliún. 5 — 20 réim de 5 mhilliún móide 1 réim oscailte bhreise i gcás caillteanais charntha arna dtabhú > 100 milliún. Mar sin féin, úsáidfidh gnóthas réimeanna a bhaineann go sonrach le gnóthas, go háirithe i gcás caillteanais charntha arna dtabhú < 100 000 le ráthú gur leor an leibhéal mionsonraí chun léargas leordhóthanach a sholáthar i ndáileadh na n-éileamh carntha a thabhaítear, mura shonraigh an t-údarás maoirseachta é sin cheana féin.

	MÍR	TREORACHA
		Ní mór an rogha a roghnaítear a úsáid go comhsheasmhach thar na tréimhsí tuairiscithe, mura dtagann athrú mór ar an dáileadh éileamh. Maidir le hairgeadraí tuairiscithe éagsúla, ní mór d'Údaráis Mhaoirseachta Náisiúnta na roghanna coibhéiseacha a shainiú le haghaidh na méideanna atá le húsáid sa 20 réim.
C0040/R0010 go R0200	Éilimh dheiridh arna dtabhú	Méid deiridh eatramh na réime comhfhreagraí.
C0050, C0070, C0090, C0110, C0130, C0150, C0170, C0190, C0210, C0230, C0250, C0270, C0290, C0310, C0330/R0010 go R0210	An líon éileamh BT/BFG bliain N:N–14	An líon éileamh atá inchurtha i leith gach ceann de na blianta timpiste/frithgheallta N go N–14, a dtagann a n-éilimh charntha arna dtabhú ag deireadh na bliana tuairiscithe laistigh de mhéid tosaigh agus de mhéid deiridh na réime infheidhme.Is ionann an líon éileamh agus suim líon carntha na n-éileamh oscailte ag deireadh na tréimhse móide an líon carntha d'éilimh iata a tugadh chun críche le híocaíochtaí.
C0060, C0080, C0100, C0120, C0140, C0160, C0180, C0200, C0220, C0240, C0260, C0280, C0300, C0320, C0340/R0010 go R0210	Éilimh iomlána arna dtabhú BT/BFG bliain N:N–14	An méid éileamh carntha agus comhiomlánaithe a tabhaíodh maidir le gach éileamh aonair, inchurtha i leith gach ceann de na blianta timpiste/frithgheallta N go N–14, a dtagann a n-éilimh charntha a tabhaíodh ag deireadh na bliana tuairiscithe laistigh de mhéid tosaigh agus de mhéid deiridh na réime infheidhme. I gcás éilimh níos lú, ceadaítear meastacháin (e.g. méid réamhshocraithe) fad is atá sé i gcomhréir leis na méideanna a mheastar i dtriantáin íocaíochta amach a thuairiscítear i bhFaisnéis maidir le hÉilimh Árachais Neamhshaoil (teimpléad S.19.01). Ciallaíonn éilimh charntha a tabhaíodh suim na n-olléileamh a íocadh agus olléilimh a tuairiscíodh ach nár socraíodh (RBNS) ar bhonn cás ar chás le haghaidh gach éilimh aonair, oscailte nó iata, a bhaineann le bliain timpiste/bliain frithgheallta shonrach (BT/BFG).
C0050, C0070, C0090, C0110, C0130, C0150, C0170, C0190, C0210, C0230, C0250, C0270, C0290, C0310, C0330/R0300	An líon éileamh BT/BFG bliain N:N–14 — Iomlán	Iomlán líon na n-éileamh carntha agus comhiomlánaithe le haghaidh na réimeanna uile maidir le gach ceann de na blianta N go N–14.

	MÍR	TREORACHA
C0060, C0080, C0100, C0120, C0140, C0160, C0180, C0200, C0220, C0240, C0260, C0280, C0300, C0320, C0340/R0300	Éilimh iomlána arna dtabhú BT/BFG bliain N:N–14 — Iomlán	Iomlán na n-éileamh carntha agus comhiomlánaithe arna dtabhú le haghaidh na réimeanna uile maidir le gach ceann de na blianta N go N–14.

S.21.02 — Rioscaí frithgheallta neamhshaoil

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo le faisnéis a chuirtear isteach gach bliain le haghaidh gnóthais aonair.

Ní líonfar isteach an teimpléad i ndáil le gnó neamhshaoil (lena n-áirítear Sláinte Neamh–SLT) ach le haghaidh gnó árachais dhírigh amháin.

Sa teimpléad sin déanfar an 20 riosca frithgheallta aonair is mó, bunaithe ar ghlanchoinneáil, thar gach réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, a thuairisciú. Mura bhfuil an 2 riosca frithgheallta aonair is mó le haghaidh aon cheann de na réimeanna gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 cumhdaithe tríd an modheolaíocht thuas, ansin tuairisceofar sa bhreis iad. I gcás gur cuid den 20 riosca is mó é riosca frithgheallta aonair de réim ghnó shonrach, ní mór gan an riosca céanna de réim ghnó dá ndéantar difear a líonadh isteach ach aon uair amháin.

Ciallaíonn glanchoinneáil an riosca frithgheallta aonair uasdhliteanas féideartha an ghnóthais tar éis na méideanna inaisghabhála ó athárachóirí (lena n-áirítear MSC agus Athárachas Finideach) agus tar éis bunbharrachas an tsealbhóra polasaí a chur san áireamh. I gcás ina bhfuil an ghlanchoinneáil cothrom le haghaidh barraíocht rioscaí úsáidfear an polasaí ag a bhfuil an tsuim is airde faoi árachas mar dhara critéar. I gcás inarb ionann an tsuim faoi árachas freisin agus an riosca is iomchuí agus próifíl riosca an ghnóthais á cur san áireamh, ní mór í a úsáid mar chritéar bunúsach.

	MÍR	TREORACHA
C0010	Cód aitheantais riosca	Is uimhir aitheantais uathúil é an cód arna shannadh ag an ngnóthas agus lena sainaithnítear an riosca agus ní athrófar é le haghaidh tuarascálacha bliantúla ina dhiaidh sin.
C0020	An chuideachta/duine lena mbaineann an riosca a shainaithint	Má bhaineann an riosca le cuideachta sainaithin ainm na cuideachta lena mbaineann an riosca. Má bhaineann an riosca le duine nádúrtha, tabhair ainm bréige ar an uimhir pholasaí bhunaidh agus tabhair tuairisc ar fhaisnéis faoin ainm bréige. Tagraíonn sonraí faoi ainm bréige do shonraí nach féidir a chur i leith duine aonair ar leith gan faisnéis bhreise a úsáid, a fhad agus a choimeádtar faisnéis bhreise den sórt sin ar leithligh. Cinnteofar comhsheasmhacht le himeacht ama. Tugtar le fios leis má thagann riosca frithgheallta aonair chun cinn ó bhliain go chéile, go bhfaighidh sé an fhormáid chéanna maidir le hainm bréige.

	MÍR	TREORACHA
C0030	Riosca tuairisce	Tuairisc ar an riosca. Ag brath ar an réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, tabhair tuairisc ar an gcineál cuideachta, foirgnimh nó gairme beatha de chuid an riosca shonraigh atá faoi árachas.
C0040	Réim ghnó	Sainaithint na réime gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 — Árachas maidir le caiteachas leighis 2 — Árachas cosanta ioncaim 3 — Árachas gortuithe tionsclaíocha 4 — Árachas dliteanais mótarfheithicle 5 — Árachas mótair eile 6 — Árachas muirí, eitlíochta agus iompair 7 — Árachas dóiteáin agus árachas le haghaidh damáiste eile do mhaoin 8 — Árachas dliteanais ghinearálta 9 — Árachas creidmheasa agus urraíochta 10 — Árachas maidir le costais dlí 11 — Cúnamh 12 — Caillteanas airgeadais ilghnéitheach
C0050	Catagóir riosca tuairisce chumhdaithe	Baineann an tuairisc ar an gcatagóir riosca chumhdaithe go sonrach le heintiteas agus níl sé éigeantach. Níl an téarma "catagóir riosca" bunaithe ach an oiread ar théarmeolaíochtaí Leibhéal 1 agus 2 ach is féidir é a mheas mar fhéidearthacht bhreise chun faisnéis bhreise a thabhairt faoin riosca/faoi na rioscaí frithgheallta.
C0060	Tréimhse bhailíochta (dáta tosaigh)	Sainaithin cód ISO 8601 (bbbb-mm-ll) dháta tosaithe an chumhdaigh shonraigh, i. e., an dáta ar tháinig an cumhdach i bhfeidhm.
C0070	Tréimhse bhailíochta (dáta éaga)	Sainaithin cód ISO 8601 (bbbb-mm-ll) dháta éaga deiridh an chumhdaigh shonraigh.
C0080	Airgeadra	Sainaithin cód aibítre ISO 4217 an airgeadra tosaigh.
C0090	Suim faoi árachas	An méid is airde ar féidir a cheangal ar an árachóir é a íoc faoin bpolasaí. Baineann an tsuim faoi árachas leis an riosca frithgheallta. I gcás ina gcumhdaítear roinnt nochtuithe/rioscaí ar fud na tíre leis an bpolasaí sonrófar an riosca frithgheallta aonair leis an nglanchoinneáil is airde. Má glacadh an riosca ar bhonn comhárachais, léirítear leis an tsuim faoi árachas dliteanas uasta an árachóra neamhshaoil tuairiscithe. I gcás dliteanas leithleach comhpháirteach, ní mór an chuid ar le comhárachóir mainneachtana í a chur ar áireamh freisin.
C0100	Sealbhóir polasaí bunaidh in-asbhainte	Cuid den tsuim faoi árachas a choinníonn an sealbhóir polasaí.

	MÍR	TREORACHA
C0110	An cineál samhla frithgheallta	An cineál samhla frithgheallta a úsáidtear chun meastachán a thabhairt ar neamhchosaint an riosca frithgheallta agus an gá atá le cosaint athárachais. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – An tsuim faoi árachas: an méid is airde ar féidir a cheangal ar an árachóir é a íoc de réir an pholasaí bunaidh. Ní mór an tsuim faoi árachas a líonadh isteach freisin nuair nach infheidhme an cineál samhla frithgheallta 2 — Uasmhéid Féideartha Caillteanais: caillteanas a d'fhéadfadh tarlú nuair a dhéantar na himthosca is mífhabhraí a chomhcheangal go heisceachtúil a bheag nó a mhór, ní stoptar an dóiteán ach amháin le bacainní dosháraithe nó easpa substainte. 3 — Uasmhéid Dóchúil Caillteanais: arna shainmhíniú mar an meastachán den chaillteanas is mó ó dhóiteán aonair nó ó phriacal a mbeidh coinne leis, ag glacadh leis an lagú aonair is measa de phríomh-chórais cosanta dóiteáin phríobháideacha ach le córais nó le heagraíochtaí cosanta tánaisteacha (amhail eagraíochtaí éigeandála agus freagairt na roinne dóiteáin príobháidí agus/nó poiblí) atá ag feidhmiú mar atá beartaithe. Dálaí tubaisteacha cosúil le pléascáin a leanann as scaoileadh ollmhór gás inlasta, a bhféadfadh limistéir mhóra den ghléasra a bheith i gceist leo, madhmadh pléascán ollmhór, suaitheadh seismeach, tonnta tuile nó tuile, aerárthaí titime, agus coirloscadh arna dhéanamh i mbreis agus limistéar amháin, tá siad eisiata sa mheastachán seo. Is foirm hibrideach é an sainmhíniú sin idir Uasmhéid Féideartha Caillteanais agus Uasmhéid Measta Caillteanais a nglactar leis go ginearálta agus a úsáideann árachóirí, athárachóirí agus bróicéirí athárachais go minic 4 — Uasmhéid Measta Caillteanais: caillteanas a d'fhéadfaí a sheasamh go réasúnta ó na teagmhais atá á meas, de thoradh teagmhas aonair a mheastar atá dóchúil agus na fachtóirí uile á gcur san áireamh is dóigh a mhéadóidh nó a laghdóidh méid an chaillteanais, ach comhtharlúintí agus tubaistí a d'fhéadfadh tarlú ach nach dóigh a tharlóidh á n-eisiamh. 5 — Eile: arna sainmhíniú mar shamhlacha féideartha frithgheallta eile a úsáidtear. Ní mór an cineál samhla frithgheallta "eile" a chuirtear i bhfeidhm a mhíniú sa Tuarascáil Mhaoirseachta Thráthrialta Cé go n-úsáidtear na sainmhínithe thuas le haghaidh na réime gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, "Árachas dóiteáin agus árachas le haghaidh damáiste eile do mhaoin", d'fhéadfadh sainmhínithe cosúla a bheith i bhfeidhm le haghaidh réimeanna gnó eile.
C0120	Méid na samhla frithgheallta	Méid uasta caillteanais an riosca frithgheallta aonair mar thoradh ar an tsamhail frithgheallta a chuirtear i bhfeidhm. I gcás nach n-úsáidtear cineál sonrach samhla frithgheallta, ní mór don mhéid a bheith cothrom leis an tsuim árachaithe a thuairiscítear in C0090 lúide an bunbharrachas a thuairiscítear in C0100.

	MÍR	TREORACHA
C0130	Suim a chuirtear faoi athárachas ar bhonn roghnach, le gach athárachóir	Cuid den tsuim árachaithe a ndearna an t-árachóir í a athárachú ar bhonn roghnach (le conradh agus/nó le cumhdach aonair) leis na hathárachóirí. I gcás nach láithrítear an cumhdach roghnach i dtaca le 100 % ach i dtaca le 80 % amháin, is mar choinneáil a mheasfar an 20 % eile nach láithrítear.
C0140	Suim athárachaithe, seachas ar bhonn roghnach, le gach athárachóir	Cuid den tsuim árachaithe a ndearna an t-árachóir í a athárachú trí chonarthaí árachais thraidisiúnta nó ar bhonn eile (lena n-áirítear MSC agus Athárachas Finideach) seachas athárachas roghnach.
C0150	Glanchoinneáil an árachóra	An glanmhéid dá ngníomhaíonn an t-árachóir mar iompróir riosca, i.e.: cuid den tsuim árachaithe os cionn bhunbharrachas an tsealbhóra polasaí agus nach n-athárachaítear í.

S.21.03 — Dáileadh neamhshaoil rioscaí frithgheallta — de réir suim árachaithe

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo le faisnéis a chuirtear isteach gach bliain le haghaidh gnóthais aonair.

Tuairisceofar an teimpléad seo le haghaidh gach réime gnó neamhshaoil ábhartha le haghaidh gnó árachais dhírigh, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, lena léirítear cumhdach 90 % de na forálacha teicniúla neamhshaoil. Tuairisceofar réim ghnó i gcomhréir le méid na bhforálacha teicniúla, i.e. an réim ghnó lena mbaineann an méid is airde forálacha teicniúla.

Measfar na forálacha teicniúla diúltacha ar leibhéal na réime gnó le luach absalóideach chun ábharthacht na tairsí a ríomh.

Is í an phunann riosca frithgheallta an dáileadh, i réimeanna (réamhshainithe) de shuim árachaithe gach aon riosca frithgheallta a ghlac an gnóthas. Is ann don phunann riosca frithgheallta in aghaidh na réime gnó. Mar sin féin, cé go bhfuil réimeanna gnó áirithe intuairiscithe ar bhonn éigeantach le haghaidh gach ballstáit, féadfaidh ballstáit aonair tuairisciú ar bhonn éigeantach a cheangal le haghaidh réimeanna gnó eile i gcás ina meastar é sin a bheith ábhartha. Níorbh infheidhme an teimpléad maidir le réimeanna gnó áirithe. (Féach an mhír "Réim ghnó" freisin).

Na réimeanna réamhshainithe atá le húsáid, sainítear in euro iad. Maidir le hairgeadraí tuairiscithe éagsúla, saineoidh gach údarás maoirseachta ábhartha na roghanna coibhéiseacha le haghaidh na méideanna atá le húsáid sa 20 réim.

Féadfaidh gnóthas réimeanna sonracha don ghnóthas a úsáid, go háirithe i gcás inar lú an tsuim árachaithe ná EUR 100 000. Úsáidfear na réimeanna sonracha go comhsheasmhach thar na tréimhsí tuairiscithe, mura dtagann athrú mór ar an dáileadh éileamh. Sa chás sin, tabharfaidh an gnóthas fógra don údarás maoirseachta roimh ré, ach amháin má shonraigh an t-údarás maoirseachta é sin cheana féin.

Is é deireadh na bliana tuairiscithe an dáta tagartha de réir réamhshocrú, ach má tá údar cuí leis, féadfaidh an gnóthas an dáta tagartha de bhailiú na faisnéise ó riarthóir an pholasaí a roghnú. Ciallaíonn sé sin gur féidir an phunann riosca frithgheallta a bhunú, mar shampla, ar an dáta tagartha céanna a úsáidtear chun faisnéis chosúil a bhailiú le haghaidh athnuachan conarthaí athárachais agus cumhdaigh roghnaigh.

Baineann an tsuim árachaithe le gach aon riosca frithgheallta, gan féachaint ach ar phríomhchumhdach an pholasaí in aghaidh na réime gnó, agus ciallaíonn sé an méid is airde ar féidir a cheangal ar an árachóir é a íoc. Ciallaíonn sé sin:

— I gcás inar lú suim árachaithe an chumhdaigh bhreise ar "Gadaíocht" ná suim árachaithe an phríomhchumhdaigh le haghaidh "Árachas dóiteáin agus árachas le haghaidh damáiste eile do mhaoin" (baineann an dá rud leis an réim ghnó chéanna), ní mór an tsuim árachaithe is airde a thógáil.

— Cumhdach polasaí lena gcuimsítear roinnt foirgneamh trasna na tíre/thar fhlít gluaisteán etc, ní mór é a mhiondealú.

— Má glacadh an riosca ar bhonn comhárachais, léirítear leis an tsuim faoi árachas dliteanas uasta an árachóra neamhshaoil tuairiscithe.

— I gcás dliteanas comhpháirteach trí chomhárachas, ní mór an chuid ar le comhárachóir mainneachtana í a chur ar áireamh leis an tsuim árachaithe freisin.

	MÍREANNA	TREORACHA
Z0010	Réim ghnó	Sainaithint na réime gnó mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, arna tuairisciú. An chéad chatagóir: réimeanna gnó atá éigeantach le haghaidh gach ballstáit: — Mótarárachas eile; — Mótarárachas, árachas muirí, eitlíochta agus iompair; — Árachas dóiteáin & árachas le haghaidh damáiste do mhaoin; — Árachas creidmheasa & urraíochta. An dara catagóir: réimeanna gnó atá éigeantach faoi dhiscréid gach NSA aonair: — Árachas dliteanais mótarfheithicle; — Árachas dliteanais ghinearálta; — Árachas maidir le costas leighis; — Árachas cosanta ioncaim; — Árachas gortuithe tionsclaíocha; — Caillteanas airgeadais ilghnéitheach; — Árachas costas dlí; — Cúnamh. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 — Árachas maidir le caiteachas leighis 2 — Árachas cosanta ioncaim 3 — Árachas gortuithe tionsclaíocha 4 — Árachas dliteanais mótarfheithicle 5 — Árachas mótair eile 6 — Árachas muirí, eitlíochta agus iompair 7 — Árachas dóiteáin agus árachas le haghaidh damáiste eile do mhaoin 8 — Árachas dliteanais ghinearálta 9 — Árachas creidmheasa agus urraíochta 10 — Árachas maidir le costais dlí 11 — Cúnamh 12 — Caillteanas airgeadais ilghnéitheach
C0020/R0010–R0210	Suim árachaithe thosaithe	Méid tosaithe an eatraimh ar lena linn a bhaineann suim árachaithe an riosca frithgheallta aonair agus inar gá í a chomhiomlánú.

	MÍREANNA	TREORACHA
		I gcás inarb é an Euro an t-airgeadra tuairiscithe, féadfar ceann de na cúig bhunrogha seo a leanas a úsáid le haghaidh dháileadh na rioscaí frithgheallta: 1 — 20 réim de 25000 móide 1 réim bhreise i gcás Suim Árachaithe > 500 000. 2 — 20 réim de 50000 móide 1 réim bhreise i gcás Suim Árachaithe > 1 mhilliún. 3 — 20 réim de 250 000 móide 1 réim bhreise i gcás Suim Árachaithe > 5 mhilliún. 4 — 20 réim de 1 mhilliún móide 1 réim bhreise i gcás Suim Árachaithe > 20 milliún. 5 — 20 réim de 5 mhilliún móide 1 réim bhreise i gcás Suim Árachaithe > 100 milliún. Mar sin féin, úsáidfidh gnóthas réimeanna a bhaineann go sonrach le gnóthas, go háirithe i gcás Suim Árachaithe < 100 000 le ráthú gur leor an leibhéal mionsonraí chun léargas leordhóthanach a sholáthar i ndáileadh na n-éileamh a thabhaítear, murar shonraigh an t-údarás maoirseachta é sin cheana féin. Maidir le polasaithe nach sainaithnítear aon Suim Árachaithe sa pholasaí, déanfaidh an gnóthas a mheastacháin féin nó úsáidfidh sé luachanna réamhshocraithe. Ní mór an rogha a roghnaítear a úsáid go comhsheasmhach thar na tréimhsí tuairiscithe, mura dtagann athrú mór ar an dáileadh éileamh. Maidir le hairgeadraí tuairiscithe éagsúla, ní mór d'Údaráis Mhaoirseachta Náisiúnta na roghanna coibhéiseacha a shainiú le haghaidh na méideanna atá le húsáid sa 20 réim.
C0030/R0010–R0200	Suim árachaithe dheiridh	Méid deiridh an eatraimh ar laistigh de a bhaineann suim árachaithe an riosca frithgheallta aonair agus inar gá í a chomhiomlánú.
C0040/R0010–R0210	Líon rioscaí frithgheallta	An líon rioscaí frithgheallta a dtiteann a suim árachaithe idir méid tosaigh agus méid deiridh na réime is infheidhme.
C0040/R0220	Líon rioscaí frithgheallta — Iomlán	Líon iomlán rioscaí frithgheallta a thuairiscítear i ngach réim.
C0050/R0010–R0210	Suim iomlán atá faoi árachas	Líon comhiomlánaithe na suime árachaithe, ar bhonn comhlán agus úsáid á baint as an airgeadra tuairiscithe, de na rioscaí frithgheallta aonair uile a dtiteann a suim árachaithe idir méid tosaithe agus méid deiridh na réime is infheidhme.
C0050/R0220	Suim árachaithe iomlán — Iomlán	Iomlán mhéideanna comhiomlánaithe na suime árachaithe, ar bhonn comhlán agus ag úsáid an airgeadra tuairiscithe, de na rioscaí frithgheallta aonair go léir a thuairiscítear i ngach réim.
C0060/R0010–R0210	Préimh scríofa bhliantúil iomlán	Méid comhiomlánaithe na préimhe scríofa mar a shainmhínítear in Airteagal 1 (11) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 de na rioscaí frithgheallta foluiteacha.
C0060/R0220	Préimh scríofa bhliantúil iomlán — Iomlán	Iomlán mhéideanna comhiomlánaithe na préimhe scríofa bliantúla a thuairiscítear i ngach réim.

S.22.01 — Tionchar na mbeart agus na n-idirthréimhsí ráthaíochtaí fadtéarmacha

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh eintitis aonair.

Tá an teimpléad seo ábhartha le linn don ghnóthas beart ráthaíochta fadtéarmach amháin nó beart idirthréimhseach ráthaíochta fadtéarmach amháin ar a laghad a úsáid.

Léireoidh an teimpléad seo an tionchar a bhíonn ar na staideanna airgeadais i gcás nach n-úsáidtear aon bheart idirthréimhseach agus i gcás ina socraítear gach beart nó beart idirthréimhseach LTG ag nialas. Chun na críche sin, leanfar cur chuige céim ar chéim ag tógáil amach gach beart idirthréimhseach agus gach beart LTG ceann ar cheann agus gan tionchar na mbeart a bheidh fágtha a athríomh tar éis gach céime.

Ní mór na tionchair a thuairisciú go deimhneach má mhéadaítear leo méid na míre atá á tuairisciú agus ní mór iad a thuairisciú go diúltach má laghdaítear leo méid na míre (e.g. má mhéadaítear an méid SCR nó má mhéadaítear méid na gCistí Dílse ansin tuairisceofar luachanna deimhneacha).

	MÍR	TREORACHA
C0010/R0010	Méid in éineacht le bearta agus bearta idirthréimhseacha LTG– Forálacha Teicniúla	Méid iomlán na bhforálacha teicniúla comhlána lena n-áirítear na bearta ráthaíochta fadtéarmacha agus na bearta idirthréimhseacha
C0020/R0010	Gan beart idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla – Forálacha teicniúla	Méid iomlán na bhforálacha teicniúla comhlána gan an coigeartú i ngeall ar an asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla, ach ag coinneáil coigeartuithe i ngeall ar an gcoigeartú luaineachta agus an coigeartú meaitseála. Mura bhfuil an asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla infheidhme tuairiscigh an méid céanna mar atá in C0010.
C0030/R0010	Tionchar an bhirt idirthréimhsigh ar fhorálacha teicniúla – Forálacha teicniúla	Méid an choigeartaithe ar na forálacha teicniúla comhlána i ngeall ar chur i bhfeidhm na hasbhainte idirthréimhsí ar fhorálacha teicniúla. Is éard a bheidh ann an difríocht idir na forálacha teicniúla gan asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla agus na forálacha teicniúla le LTG agus le bearta idirthréimhseacha.
C0040/R0010	Gan beart idirthréimhseach ar ráta úis – Forálacha teicniúla	Méid iomlán na bhforálacha teicniúla comhlána gan an coigeartú i ngeall ar an gcoigeartú idirthréimhseach ar an struchtúr téarma ábhartha agus rátaí úis atá saor ó riosca, ach ag coinneáil coigeartuithe i ngeall ar an gcoigeartú luaineachta agus an coigeartú meaitseála. Mura bhfuil an coigeartú idirthréimhseach ar struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca infheidhme tuairiscigh an méid céanna mar atá in C0020.
C0050/R0010	Tionchar an bhirt idirthréimhsigh ar ráta úis – Forálacha teicniúla	Méid an choigeartaithe ar na forálacha teicniúla comhlána i ngeall ar chur i bhfeidhm an choigeartaithe idirthréimhsigh ar struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca. Is éard a bheidh ann an difríocht idir na forálacha teicniúla gan coigeartú idirthréimhseach ar struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca agus na forálacha teicniúla le LTG agus bearta idirthréimhseacha.
C0060/R0010	Gan coigeartú luaineachta agus gan bearta idirthréimhseacha eile – Forálacha Teicniúla	Méid iomlán na bhforálacha teicniúla comhlána gan na coigeartuithe i ngeall ar an asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla, an coigeartú idirthréimhseach ar struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca agus an coigeartú luaineachta, ach ag coinneáil coigeartuithe i ngeall ar an gcoigeartú meaitseála, más ann dó. Mura bhfuil coigeartú luaineachta infheidhme tuairiscigh an méid céanna mar atá in C0040.

	MÍR	TREORACHA
C0070/R0010	Tionchar an choigeartaithe luaineachta arna shocrú ag nialas – Forálacha teicniúla	Méid an choigeartaithe ar na forálacha teicniúla comhlána i ngeall ar chur i bhfeidhm an choigeartaithe luaineachta. Léireoidh sé an tionchar a bhaineann leis an gcoigeartú luaineachta a shocrú ag nialas. Is éard a bheidh ann an difríocht idir na forálacha teicniúla gan coigeartú luaineachta agus gan bearta idirthréimhseacha eile, agus an t-uasmhéid idir na forálacha teicniúla a thuairiscítear faoi gc0010, C0020 agus C0040.
C0080/R0010	Gan coigeartú meaitseála agus gan na cinn eile ar fad – Forálacha Teicniúla	Méid iomlán na bhforálacha teicniúla comhlána gan aon bheart LTG. Mura bhfuil coigeartú meaitseála infheidhme tuairiscigh an méid céanna mar atá in C0060.
C0090/R0010	Tionchar an choigeartaithe meaitseála arna shocrú ag nialas – Forálacha teicniúla	Méid an choigeartaithe ar na forálacha teicniúla comhlána i ngeall ar chur i bhfeidhm an choigeartaithe meaitseála. Áireofar leis an tionchar a bhaineann leis an gcoigeartú luaineachta a shocrú mar aon leis an gcoigeartú meaitseála a shocrú ag nialas. Is éard a bheidh ann an difríocht idir na forálacha teicniúla gan coigeartú meaitseála agus gan na bearta idirthréimhseacha uile eile agus an t-uasmhéid idir na forálacha teicniúla a thuairiscítear faoi gc0010, C0020, C0040 agus C0060.
C0100/R0010	Tionchar na mbeart agus na mbeart idirthréimhseach LTG uile — Forálacha Teicniúla	Méid an choigeartaithe ar na forálacha teicniúla comhlána i ngeall ar chur i bhfeidhm na mbeart agus na mbeart idirthréimhseach LTG.
C0010/R0020	Méid in éineacht le bearta agus bearta idirthréimhseacha LTG– Bunchistí dílse	Méid iomlán bunchistí dílse arna ríomh agus na forálacha teicniúla á mbreithniú lena n-áirítear na coigeartuithe i ngeall ar na bearta ráthaíochta fadtéarmacha agus na bearta idirthréimhseacha.
C0020/R0020	Gan beart idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla – Bunchistí dílse	Méid iomlán na mbunchistí dílse arna ríomh agus forálacha teicniúla á mbreithniú gan an coigeartú i ngeall ar an asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla, ach ag coinneáil coigeartuithe i ngeall ar an gcoigeartú luaineachta agus an coigeartú meaitseála. Mura bhfuil an asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla infheidhme tuairiscigh an méid céanna mar atá in C0010.
C0030/R0020	Tionchar an bhirt idirthréimhsigh ar fhorálacha teicniúla – Bunchistí dílse	Méid an choigeartaithe ar na Bunchistí dílse i ngeall ar chur i bhfeidhm na hasbhainte idirthréimhsí ar fhorálacha teicniúla. Is éard a bheidh ann an difríocht idir na bunchistí dílse arna ríomh agus forálacha teicniúla á mbreithniú gan asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla agus na bunchistí dílse arna ríomh leis na forálacha teicniúla in éineacht le LTG agus le bearta idirthréimhseacha.
C0040/R0020	Gan beart idirthréimhseach ar ráta úis — Bunchistí dílse	Méid iomlán na mbunchistí dílse arna ríomh agus na forálacha teicniúla á mbreithniú gan an coigeartú i ngeall ar an gcoigeartú idirthréimhseach ar struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca, ach ag coinneáil coigeartuithe i ngeall ar an gcoigeartú luaineachta agus an coigeartú meaitseála.

	MÍR	TREORACHA
		Mura bhfuil an coigeartú idirthréimhseach ar struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca infheidhme tuairiscigh an méid céanna mar atá in C0020.
C0050/R0020	Tionchar an bhirt idirthréimhsigh ar ráta úis — Bunchistí dílse	Méid an choigeartaithe ar na bunchistí cistí dílse i ngeall ar chur i bhfeidhm an choigeartaithe idirthréimhsigh ar struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca. Is éard a bheidh ann an difríocht idir na bunchistí dílse arna ríomh agus na forálacha teicniúla á mbreithniú gan coigeartú idirthréimhseach ar struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca agus na bunchistí dílse arna ríomh leis na forálacha teicniúla arna dtuairisciú faoi gc0020 gan beart idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla.
C0060/R0020	Gan coigeartú luaineachta agus gan bearta idirthréimhseacha eile – Bunchistí dílse	Méid iomlán na mbunchistí dílse arna ríomh agus na forálacha teicniúla á mbreithniú gan na coigeartuithe i ngeall ar an asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla, an coigeartú idirthréimhseach ar struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca agus an coigeartú luaineachta, ach ag coinneáil na gcoigeartuithe i ngeall ar an gcoigeartú meaitseála. Mura bhfuil coigeartú luaineachta infheidhme tuairiscigh an méid céanna mar atá in C0040.
C0070/R0020	Tionchar an choigeartaithe luaineachta arna shocrú ag nialas — Bunchistí dílse	Méid an choigeartaithe ar na Bunchistí dílse i ngeall ar chur i bhfeidhm an choigeartaithe luaineachta. Léireoidh sé an tionchar a bhaineann leis an gcoigeartú luaineachta a shocrú ag nialas. Is éard a bheidh ann an difríocht idir na bunchistí dílse arna ríomh agus na forálacha teicniúla á mbreithniú gan coigeartú luaineachta agus gan bearta idirthréimhseacha eile, agus na bunchistí dílse arna ríomh leis na forálacha teicniúla a thuairiscítear faoi gc0040.
C0080/R0020	Gan coigeartú meaitseála agus gan na cinn eile ar fad – Bunchistí dílse	Méid iomlán na mbunchistí dílse arna ríomh agus na forálacha teicniúla á mbreithniú gan aon bheart LTG. Mura bhfuil coigeartú meaitseála infheidhme tuairiscigh an méid céanna mar atá in C0060.
C0090/R0020	Tionchar an choigeartaithe meaitseála arna shocrú ag nialas – Bunchistí dílse	Méid an choigeartaithe ar na bunchistí cistí dílse i ngeall ar chur i bhfeidhm an choigeartaithe meaitseála. Áireofar leis an tionchar a bhaineann leis an gcoigeartú luaineachta a shocrú mar aon leis an gcoigeartú meaitseála a shocrú ag nialas. Is éard a bheidh ann an difríocht idir na bunchistí dílse arna ríomh agus na forálacha teicniúla á mbreithniú gan coigeartú meaitseála agus gan na bearta idirthréimhseacha uile eile agus na bunchistí dílse arna ríomh leis na forálacha teicniúla a thuairiscítear faoi gc0060.
C0100/R0020	Tionchar na mbeart agus na mbeart idirthréimhseach LTG uile – Bunchistí dílse	Méid an choigeartaithe ar na bunchistí dílse i ngeall ar chur i bhfeidhm na mbeart agus na mbeart idirthréimhseach LTG.
C0010/R0030	Méid in éineacht le bearta agus bearta idirthréimhseacha LTG– Bunchistí dílse – Farasbarr sócmhainní thar dhliteanais	Méid iomlán an fharasbairr sócmhainní thar dhliteanais arna ríomh agus na forálacha teicniúla á mbreithniú lena n-áirítear na coigeartuithe i ngeall ar na bearta ráthaíochta fadtéarmacha agus ar na bearta idirthréimhseacha.

	MÍR	TREORACHA
C0020/R0030	Gan beart idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla – Bunchistí dílse – Farasbarr sócmhainní thar dhliteanais	Méid iomlán an fharasbairr sócmhainní thar dhliteanais arna ríomh agus forálacha teicniúla á mbreithniú gan an coigeartú i ngeall ar an asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla, ach ag coinneáil na gcoigeartuithe i ngeall ar an gcoigeartú luaineachta agus an coigeartú meaitseála. Mura bhfuil an asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla infheidhme tuairiscigh an méid céanna mar atá in C0010.
C0030/R0030	Tionchar an bhirt idirthréimhsigh ar fhorálacha teicniúla – Bunchistí dílse — Farasbarr sócmhainní thar dhliteanais	Méid an choigeartaithe ar fharasbarr sócmhainní thar dhliteanais i ngeall ar chur i bhfeidhm na hasbhainte idirthréimhsí ar fhorálacha teicniúla. Is éard a bheidh ann an difríocht idir an farasbarr sócmhainní thar dhliteanais arna ríomh agus na forálacha teicniúla á mbreithniú gan asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla agus an farasbarr sócmhainní thar dhliteanais arna ríomh leis na forálacha teicniúla in éineacht le LTG agus le bearta idirthréimhseacha.
C0040/R0030	Gan beart idirthréimhseach ar ráta úis — Bunchistí dílse – Farasbarr sócmhainní thar dhliteanais	Méid iomlán an fharasbairr sócmhainní thar dhliteanais arna ríomh agus na forálacha teicniúla á mbreithniú gan an coigeartú i ngeall ar an gcoigeartú idirthréimhseach ar struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca, ach ag coinneáil na gcoigeartuithe i ngeall ar an gcoigeartú luaineachta agus an coigeartú meaitseála. Mura bhfuil an coigeartú idirthréimhseach ar struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca infheidhme tuairiscigh an méid céanna mar atá in C0020.
C0050/R0030	Tionchar an bhirt idirthréimhsigh ar ráta úis – Bunchistí dílse — Farasbarr sócmhainní thar dhliteanais	Méid an choigeartaithe ar fharasbarr na sócmhainní thar dhliteanais i ngeall ar chur i bhfeidhm an choigeartaithe idirthréimhsigh ar struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca. Is éard a bheidh ann an difríocht idir an farasbarr sócmhainní thar dhliteanais arna ríomh agus na forálacha teicniúla á mbreithniú gan coigeartú idirthréimhseach ar struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca agus an farasbarr sócmhainní thar dhliteanais arna ríomh leis na forálacha teicniúla a thuairiscítear faoi gc0020.
C0060/R0030	Gan coigeartú luaineachta agus gan bearta idirthréimhseacha eile – Bunchistí dílse – Farasbarr sócmhainní thar dhliteanais	Méid iomlán an fharasbairr sócmhainní thar dhliteanais arna ríomh agus forálacha teicniúla á mbreithniú gan na coigeartuithe i ngeall ar an asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla, an coigeartú idirthréimhseach ar struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca agus an coigeartú luaineachta, ach ag coinneáil na gcoigeartuithe i ngeall ar an gcoigeartú meaitseála. Mura bhfuil coigeartú luaineachta infheidhme tuairiscigh an méid céanna mar atá in C0040.
C0070/R0030	Tionchar an choigeartaithe luaineachta arna shocrú ag nialas — Bunchistí dílse — Farasbarr sócmhainní thar dhliteanais	Méid an choigeartaithe ar fharasbarr sócmhainní thar dhliteanais i ngeall ar chur i bhfeidhm an choigeartaithe luaineachta. Léireoidh sé an tionchar a bhaineann leis an gcoigeartú luaineachta a shocrú ag nialas.

	MÍR	TREORACHA
		Is éard a bheidh ann an difríocht idir an farasbarr sócmhainní thar dhliteanais arna ríomh agus na forálacha teicniúla á mbreithniú gan coigeartú luaineachta agus gan bearta idirthréimhseacha eile agus an farasbarr sócmhainní thar dhliteanais arna ríomh leis na forálacha teicniúla a thuairiscítear faoi gc0040.
C0080/R0030	Gan coigeartú meaitseála agus gan na cinn eile ar fad – Bunchistí dílse — Farasbarr sócmhainní thar dhliteanais	Méid iomlán an fharasbairr sócmhainní thar dhliteanais arna ríomh agus forálacha teicniúla á mbreithniú gan aon bheart LTG. Mura bhfuil coigeartú meaitseála infheidhme tuairiscigh an méid céanna mar atá in C0060.
C0090/R0030	Tionchar an choigeartaithe meaitseála arna shocrú ag nialas — Bunchistí dílse — Farasbarr sócmhainní thar dhliteanais	Méid an choigeartaithe ar an bhfarasbarr sócmhainní thar dhliteanais i ngeall ar chur i bhfeidhm an choigeartaithe meaitseála. Áireofar leis an tionchar a bhaineann leis an gcoigeartú luaineachta a shocrú mar aon leis an gcoigeartú meaitseála a shocrú ag nialas. Is éard a bheidh ann an difríocht idir an farasbarr sócmhainní thar dhliteanais arna ríomh agus na forálacha teicniúla á mbreithniú gan coigeartú meaitseála agus gan na bearta idirthréimhseacha uile eile agus an farasbarr sócmhainní thar dhliteanais arna ríomh leis na forálacha teicniúla a thuairiscítear faoi gc0060.
C0100/R0030	Tionchar na mbeart agus na mbeart idirthréimhseach LTG uile – Bunchistí dílse – Farasbarr sócmhainní thar dhliteanais	Méid an choigeartaithe ar an bhfarasbarr sócmhainní thar dhliteanais i ngeall ar chur i bhfeidhm na mbeart agus na mbeart idirthréimhseach LTG.
C0010/R0040	Méid in éineacht le bearta agus bearta idirthréimhseacha LTG – Bunchistí dílse – Cistí dílse srianta i ngeall ar imfhálú agus punann meaitseála	Méid iomlán na gcistí dílse srianta i ngeall ar imfhálú arna ríomh agus na forálacha teicniúla á mbreithniú lena n-áirítear na coigeartuithe i ngeall ar na bearta ráthaíochta fadtéarmacha agus ar na bearta idirthréimhseacha.
C0020/R0040	Gan beart idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla – Bunchistí dílse – Cistí dílse srianta i ngeall ar imfhálú agus punann meaitseála	Méid iomlán na gcistí dílse srianta i ngeall ar imfhálú arna ríomh agus forálacha teicniúla á mbreithniú gan an coigeartú i ngeall ar an asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla, ach ag coinneáil na gcoigeartuithe i ngeall ar an gcoigeartú luaineachta agus an coigeartú meaitseála. Mura bhfuil an asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla infheidhme tuairiscigh an méid céanna mar atá in C0010.
C0030/R0040	Tionchar an bhirt idirthréimhsigh ar fhorálacha teicniúla – Bunchistí dílse – Cistí dílse srianta i ngeall ar imfhálú agus punann meaitseála	Méid an choigeartaithe ar na cistí dílse srianta i ngeall ar imfhálú i ngeall ar chur i bhfeidhm na hasbhainte idirthréimhsí ar fhorálacha teicniúla. Is éard a bheidh ann an difríocht idir na cistí dílse srianta i ngeall ar imfhálú arna ríomh agus na forálacha teicniúla á mbreithniú gan asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla agus na cistí dílse srianta i ngeall ar imfhálú arna ríomh leis na forálacha teicniúla in éineacht le LTG agus le bearta idirthréimhseacha.

	MÍR	TREORACHA
C0040/R0040	Gan beart idirthréimhseach ar ráta úis – Bunchistí dílse – Cistí dílse srianta i ngeall ar imfhálú agus punann meaitseála	Méid iomlán na gcistí dílse srianta i ngeall ar imfhálú arna ríomh agus forálacha teicniúla á mbreithniú gan an coigeartú i ngeall ar an gcoigeartú idirthréimhseach ar struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca, ach ag coinneáil na gcoigeartuithe i ngeall ar an gcoigeartú luaineachta agus an coigeartú meaitseála. Mura bhfuil an coigeartú idirthréimhseach ar struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca infheidhme tuairiscigh an méid céanna mar atá in C0020.
C0050/R0040	Tionchar an bhirt idirthréimhsigh ar ráta úis – Bunchistí dílse – Cistí dílse srianta i ngeall ar imfhálú agus punann meaitseála	Méid an choigeartaithe ar na cistí dílse srianta i ngeall ar imfhálú i ngeall ar chur i bhfeidhm an choigeartaithe idirthréimhsigh ar struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca. Is éard a bheidh ann an difríocht idir na cistí dílse srianta i ngeall ar imfhálú arna ríomh agus na forálacha teicniúla á mbreithniú gan coigeartú idirthréimhseach ar struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca agus na cistí dílse srianta i ngeall ar imfhálú arna ríomh leis na forálacha teicniúla a thuairiscítear faoi gc0020.
C0060/R0040	Gan coigeartú luaineachta agus gan bearta idirthréimhseacha eile – Bunchistí dílse – Cistí dílse srianta i ngeall ar imfhálú agus punann meaitseála	Méid iomlán na gcistí dílse srianta i ngeall ar imfhálú arna ríomh agus forálacha teicniúla á mbreithniú gan na coigeartuithe i ngeall ar an asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla, an coigeartú idirthréimhseach ar struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca agus an coigeartú luaineachta, ach ag coinneáil na gcoigeartuithe i ngeall ar an gcoigeartú meaitseála. Mura bhfuil coigeartú luaineachta infheidhme tuairiscigh an méid céanna mar atá in C0040.
C0070/R0040	Tionchar an choigeartaithe luaineachta arna shocrú ag nialas — Bunchistí dílse — Cistí dílse srianta i ngeall ar imfhálú agus punann meaitseála	Méid an choigeartaithe ar na cistí dílse srianta i ngeall ar imfhálú i ngeall ar chur i bhfeidhm an choigeartaithe luaineachta. Léireoidh sé an tionchar a bhaineann leis an gcoigeartú luaineachta a shocrú ag nialas. Is éard a bheidh ann an difríocht idir na cistí dílse srianta i ngeall ar imfhálú arna ríomh agus na forálacha teicniúla á mbreithniú gan coigeartú luaineachta agus gan bearta idirthréimhseacha eile agus na cistí dílse srianta i ngeall ar imfhálú arna ríomh leis na forálacha teicniúla a thuairiscítear faoi gc0040.
C0080/R0040	Gan coigeartú meaitseála agus gan na cinn eile ar fad – Bunchistí dílse – Cistí dílse srianta i ngeall ar imfhálú agus punann meaitseála	Méid iomlán na gcistí dílse srianta i ngeall ar imfhálú arna ríomh agus forálacha teicniúla á mbreithniú gan aon bheart LTG. Mura bhfuil coigeartú meaitseála infheidhme tuairiscigh an méid céanna mar atá in C0060.
C0090/R0040	Tionchar an choigeartaithe meaitseála arna shocrú ag nialas — Bunchistí dílse – Cistí dílse srianta i ngeall ar imfhálú agus punann meaitseála	Méid an choigeartaithe ar na cistí dílse srianta i ngeall ar imfhálú i ngeall ar chur i bhfeidhm an choigeartaithe meaitseála. Áireofar leis an tionchar a bhaineann leis an gcoigeartú luaineachta a shocrú mar aon leis an gcoigeartú meaitseála a shocrú ag nialas.

	MÍR	TREORACHA
		Is éard a bheidh ann an difríocht idir na cistí dílse srianta i ngeall ar imfhálú arna ríomh agus na forálacha teicniúla á mbreithniú gan coigeartú meaitseála agus gan na bearta idirthréimhseacha uile eile agus na cistí dílse srianta i ngeall ar imfhálú arna ríomh leis na forálacha teicniúla a thuairiscítear faoi gc0060.
C0100/R0040	Tionchar na mbeart agus na mbeart idirthréimhseach LTG uile – Bunchistí dílse – Cistí dílse srianta i ngeall ar imfhálú agus punann meaitseála	Méid an choigeartaithe ar na cistí dílse srianta i ngeall ar imfhálú i ngeall ar chur i bhfeidhm na mbeart agus na mbeart idirthréimhseach LTG.
C0010/R0050	Méid in éineacht le bearta agus bearta idirthréimhseacha LTG — Cistí dílse incháilithe chun an Ceanglas um Chaipiteal Sócmhainneachta a chomhlíonadh	Méid iomlán cistí dílse incháilithe chun SCR a chomhlíonadh, arna ríomh agus forálacha teicniúla á mbreithniú lena n-áirítear na coigeartuithe i ngeall ar na bearta ráthaíochta fadtéarmacha agus ar na bearta idirthréimhseacha.
C0020/R0050	Gan beart idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla — Cistí dílse incháilithe chun an Ceanglas um Chaipiteal Sócmhainneachta a chomhlíonadh	Méid iomlán na gcistí dílse incháilithe chun SCR a chomhlíonadh arna ríomh agus forálacha teicniúla á mbreithniú gan an coigeartú i ngeall ar an asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla, ach ag coinneáil na gcoigeartuithe i ngeall ar an gcoigeartú luaineachta agus an coigeartú meaitseála. Mura bhfuil an asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla infheidhme tuairiscigh an méid céanna mar atá in C0010.
C0030/R0050	Tionchar an bhirt idirthréimhsigh ar fhorálacha teicniúla – Cistí dílse incháilithe chun an Ceanglas um Chaipiteal Sócmhainneachta a chomhlíonadh	Méid an choigeartaithe ar na cistí dílse incháilithe chun SCR a chomhlíonadh i ngeall ar chur i bhfeidhm na hasbhainte idirthréimhsí ar fhorálacha teicniúla. Is éard a bheidh ann an difríocht idir na cistí dílse incháilithe chun SCR a chomhlíonadh arna ríomh agus forálacha teicniúla á mbreithniú gan asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla agus na cistí dílse incháilithe chun SCR a chomhlíonadh arna ríomh leis na forálacha teicniúla in éineacht le LTG agus le bearta idirthréimhseacha.
C0040/R0050	Gan beart idirthréimhseach ar ráta úis — Cistí dílse incháilithe chun an Ceanglas um Chaipiteal Sócmhainneachta a chomhlíonadh	Méid iomlán na gcistí dílse incháilithe chun SCR a chomhlíonadh arna ríomh agus forálacha teicniúla á mbreithniú gan an coigeartú i ngeall ar an gcoigeartú idirthréimhseach ar struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca, ach ag coinneáil na gcoigeartuithe i ngeall ar an gcoigeartú luaineachta agus an coigeartú meaitseála. Mura bhfuil an coigeartú idirthréimhseach ar struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca infheidhme tuairiscigh an méid céanna mar atá in C0020.
C0020/R0210	An meastachán is fearr — Os cionn 8,0 faoin gcéad	Luach an mheastacháin is fearr ar na hoibleagáidí árachais agus athárachais dá raibh an ráta úis (mar dheachúil), arna chinneadh ag an ngnóthas árachais nó athárachais i gcomhréir leis na dlíthe, rialacháin agus forálacha teicniúla a ghlactar de bhun Airteagal 20 de Threoir 2002/83/CE ag dáta deiridh chur i bhfeidhm na Treorach sin, os cionn 8,0 % (gan é sin san áireamh). Ní mheasfar ach an meastachán ráthaithe is fearr ar oibleagáidí a eascraíonn as táirgí lena soláthraítear ráta ráthaithe. Ní mheasfar na Sochair Lánroghnacha Todhchaí.
C0030/R0100	Meánfhad oibleagáidí árachais agus athárachais — Suas go dtí 0,5 faoin gcéad	Fad Macauley iarmharach de na hoibleagáidí árachais agus athárachais dá raibh an ráta úis (mar dheachúil), arna chinneadh ag an ngnóthas árachais nó athárachais i gcomhréir leis na dlíthe, rialacháin agus forálacha teicniúla a ghlactar de bhun Airteagal 20 de Threoir 2002/83/CE ag dáta deiridh chur i bhfeidhm na Treorach sin, suas go dtí 0,5 % (agus é sin san áireamh).
C0030/R0110 go R0200	Meánfhad oibleagáidí árachais agus athárachais — idir 0,5 % agus 8,0 %	Fad Macauley iarmharach de na hoibleagáidí árachais agus athárachais dá raibh an ráta úis (mar dheachúil), arna chinneadh ag an ngnóthas árachais nó athárachais i gcomhréir leis na dlíthe, rialacháin agus forálacha teicniúla a ghlactar de bhun Airteagal 20 de Threoir 2002/83/CE ag dáta deiridh chur i bhfeidhm na Treorach sin, san eatramh comhfhreagrach. Ní chuimsítear an luach thíos leis an eatramh, ach cuimsítear an luach is airde leis.
C0030/R0210	Meánfhad oibleagáidí árachais agus athárachais — Os cionn 8,0 faoin gcéad	Fad Macauley iarmharach de na hoibleagáidí árachais agus athárachais dá raibh an ráta úis (mar dheachúil), arna chinneadh ag an ngnóthas árachais nó athárachais i gcomhréir leis na dlíthe, rialacháin agus forálacha teicniúla a ghlactar de bhun Airteagal 20 de Threoir 2002/83/CE ag dáta deiridh chur i bhfeidhm na Treorach sin, os cionn 8,0 % (gan é sin san áireamh).

S.22.05 — Ríomh foriomlán an bhirt idirthréimhsigh maidir le forálacha teicniúla

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh eintitis aonair.

	MÍR	TREORACHA
C0010/R0010	Forálacha teicniúla Shócmhainneacht II de Lá 1	Méid na bhforálacha teicniúla, faoi réir asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla, tar éis asbhaint na méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais agus ó mheáin shainchuspóireacha, a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 76 de Threoir 2009/138/CE ar an gcéad dáta de chur i bhfeidhm Threoir 2009/138/CE. Measfar sa ríomh sin gach oibleagáid árachais agus athárachais arbh ann dóibh ar an gcéad dáta de chur i bhfeidhm Threoir 2009/138/CE. Más rud é gur iarradh athríomh ar bhonn Airteagal 308d(3) de Threoir 2009/138/CE, ní mheasfar sa ríomh sin ach na hoibleagáidí árachais agus athárachais atá faoi réir an bhirt idirthréimhsigh agus ar ann dóibh i gcónaí ar dháta tagartha an athríofa a luacháiltear ar an dáta maidir le tuairisciú (luach Shócmhainneacht II lena laghdaítear na conarthaí nach ann dóibh a thuilleadh).

	MÍR	TREORACHA
C0010/R0020	Forálacha teicniúla faoi réir beart idirthréimhseach maidir le forálacha teicniúla — forálacha teicniúla a ríomhtar ina n-iomláine	Méid na bhforálacha teicniúla a ríomhtar ina iomláine, faoi réir asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla, tar éis asbhaint na méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais agus ó mheáin shainchuspóireacha, a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 76 de Threoir 2009/138/CE ar an dáta maidir le tuairisciú, roimh chur i bhfeidhm an bhirt idirthréimhsigh.
C0010/R0030	Forálacha teicniúla faoi réir beart idirthréimhseach maidir le forálacha teicniúla — An meastachán is fearr	Méid an mheastacháin is fearr, faoi réir asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla, tar éis asbhaint na méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais agus ó mheáin shainchuspóireacha, a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 76 de Threoir 2009/138/CE ar an dáta maidir le tuairisciú, roimh chur i bhfeidhm an bhirt idirthréimhsigh. Más rud é gur iarradh athríomh ar bhonn Airteagal 308d(3) de Threoir 2009/138/CE, ní mheasfar sa ríomh sin ach na hoibleagáidí árachais agus athárachais sin atá faoi réir an bhirt idirthréimhsigh agus ar ann dóibh i gcónaí ar dháta tagartha an athríofa a luacháiltear ar an dáta maidir le tuairisciú (luach Shócmhainneacht II lúide conarthaí nach ann dóibh a thuilleadh).
C0010/R0040	beart idirthréimhseach maidir le forálacha teicniúla — Corrlach riosca	Méid an chorrlaigh riosca, faoi réir asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla, tar éis asbhaint na méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais agus ó mheáin shainchuspóireacha, a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 76 de Threoir 2009/138/CE ar an dáta maidir le tuairisciú, roimh chur i bhfeidhm an bhirt idirthréimhsigh. Más rud é gur iarradh athríomh ar bhonn Airteagal 308d(3) de Threoir 2009/138/CE, ní mheasfar sa ríomh sin ach na hoibleagáidí árachais agus athárachais sin atá faoi réir an bhirt idirthréimhsigh agus ar ann dóibh i gcónaí ar dháta tagartha an athríofa a luacháiltear ar an dáta maidir le tuairisciú (luach Shócmhainneacht II lúide conarthaí nach ann dóibh a thuilleadh).
C0010/R0050	Forálacha teicniúla faoi réir beart idirthréimhseach maidir le forálacha teicniúla — Forálacha teicniúla Shócmhainneacht I	Méid na bhforálacha teicniúla, faoi réir asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla, tar éis asbhaint na méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais a ríomhtar i gcomhréir leis na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin a ghlactar de bhun Airteagal 15 de Threoir 73/239/CEE, Airteagal 20 de Threoir 2002/83/CE agus Airteagal 32 de Threoir 2005/68/CE ar an lá sula n-aisghairtear na Treoracha sin de bhun Airteagal 310 de Threoir 2009/138/CE. Más rud é gur iarradh athríomh ar bhonn Airteagal 308d(3) de Threoir 2009/138/CE, ní mheasfar sa ríomh sin ach na hoibleagáidí árachais agus athárachais sin ar ann dóibh ag dáta tagartha an athríofa.
C0010/R0060	Forálacha teicniúla faoi réir beart idirthréimhseach maidir le forálacha teicniúla — Sciar na difríochta a choigeartaítear	Céatadán (i ndeachúlacha) de sciar na difríochta a choigeartaítear. An sciar uasta in-asbhainte, tiocfaidh laghdú uirthi go líneach ag deireadh gach bliana ó 1 le linn na bliana dár thús an 1 Eanáir 2016 go 0 an 1 Eanáir 2032.

	MÍR	TREORACHA
C0010/R0070	Coigeartú ar fhorálacha teicniúla tar éis aon teorannú a chuirtear i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 308d (4)	Méid an choigeartaithe ar na forálacha teicniúla tar éis aon teorannú a chuirtear i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 308d(4) de Threoir 2009/138/CE, más infheidhme. Murab ann do theorannú, tuairisceofar an méid a ríomhtar mar R0060*(R0010-R0050).
C0010/R0080	Foráil theicniúil tar éis beart idirthréimhseach maidir le forálacha teicniúla	Méid na bhforálacha teicniúla, faoi réir asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla, tar éis asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla.

S.22.06 — An meastachán is fearr faoi réir coigeartú luaineachta de réir tíre agus airgeadra

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh eintitis aonair.

Is iad gnóthais árachais agus athárachais a chuireann coigeartú luaineachta i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 77d de Threoir 2009/138/CE, agus iad sin amháin, a thuairisceoidh an teimpléad seo.

Léireofar leis an teimpléad seo an t-ollmheastachán is fearr ar oibleagáidí árachais agus athárachais saoil faoi réir coigeartú luaineachta a dheighltear de réir airgeadra na n-oibleagáidí agus de réir na tíre ina ndearnadh an conradh. Cuirfear san áireamh an coigeartú luaineachta leis an meastachán is fearr a thuairiscítear. Ní thuairisceofar sa teimpléad seo an meastachán is fearr faoi réir aon choigeartú luaineachta.

Tuairisceofar faisnéis maidir le hoibleagáidí ábhartha i dtíortha agus in airgeadraí dá ndéantar coigeartú luaineachta airgeadra, agus méadú de réir tíre más infheidhme, a chur i bhfeidhm go dtí go ndéantar 90 % den mheastachán iomlán is fearr faoi réir coigeartú luaineachta a thuairisciú de réir airgeadra agus tíre.

	MÍR	TREORACHA
Z0010	Réim Ghnó	Sainaithin cé acu a thuairiscítear an fhaisnéis maidir le gníomhaíocht saoil nó neamhshaoil. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 — SLT saoil agus sláinte 2 — Neamhshaol agus sláinte seachas é sin a shaothraítear ar bhonn comhchosúil le hárachas saoil
R0010	Seachas an t-airgeadra tuairiscithe	Tuairiscigh cód aibítre ISO 4217 de chuid gach airgeadra a thuairiscítear.

An meastachán is fearr faoi réir coigeartú luaineachta tíre agus airgeadra — Iomlán agus tír bhaile de réir airgeadra

C0030/R0020	Luach iomlán an mheastacháin is fearr faoi réir coigeartú luaineachta (le haghaidh gach airgeadra)/Luach iomlán gach tíre	Luach iomlán, le haghaidh gach airgeadra agus gach tíre, an mheastacháin is fearr ar na hoibleagáidí árachais agus athárachais faoi réir coigeartú luaineachta.
C0040/R0020	Cuid den mheastachán is fearr faoi réir coigeartú luaineachta a scríobhtar san airgeadra tuairiscithe/Luach iomlán gach tíre	Luach iomlán, le haghaidh gach tíre, an mheastacháin is fearr ar na hoibleagáidí árachais agus athárachais faoi réir coigeartú luaineachta le haghaidh an airgeadra tuairiscithe.
C0050/R0020	Cuid den mheastachán is fearr faoi réir coigeartú luaineachta a scríobhtar in airgeadraí/Luach iomlán gach tíre	Luach iomlán, le haghaidh gach tíre, an mheastacháin is fearr ar na hoibleagáidí árachais agus athárachais faoi réir coigeartú luaineachta á dheighilt de réir airgeadra.

	MÍR	TREORACHA
C0030/R0030	Luach iomlán an mheastacháin is fearr faoi réir coigeartú luaineachta (le haghaidh gach airgeadra)/Tír bhaile	Luach iomlán, le haghaidh gach airgeadra le haghaidh na tíre baile, an mheastacháin is fearr ar na hoibleagáidí árachais agus athárachais faoi réir coigeartú luaineachta.
C0040/R0030	Cuid den mheastachán is fearr faoi réir coigeartú luaineachta a scríobhtar san airgeadra tuairiscithe/Tír bhaile	Luach iomlán, le haghaidh na tíre baile, an mheastacháin is fearr ar na hoibleagáidí árachais agus athárachais faoi réir coigeartú luaineachta le haghaidh an airgeadra tuairiscithe.
C0050/R0030	Cuid den mheastachán is fearr faoi réir coigeartú luaineachta a scríobhtar in airgeadraí/Tír bhaile	Luach an mheastacháin is fearr ar na hoibleagáidí árachais agus athárachais faoi réir coigeartú luaineachta á dheighilt de réir airgeadra le haghaidh na tíre baile.

An meastachán is fearr faoi réir coigeartú luaineachta de réir tíre agus airgeadra — De réir tíre agus airgeadra

C0020/R0040	Tíortha	Tuairiscigh cód ISO 3166–1 alfa–2 de chuid gach tíre a thuairiscítear.
C0030/R0040	Luach iomlán an mheastacháin is fearr faoi réir coigeartú luaineachta (le haghaidh gach airgeadra) — de réir tíre	Luach iomlán, le haghaidh gach airgeadra de réir tíre, an mheastacháin is fearr ar na hoibleagáidí árachais agus athárachais faoi réir coigeartú luaineachta.
C0040/R0040	Cuid den mheastachán is fearr faoi réir coigeartú luaineachta a scríobhtar san airgeadra tuairiscithe — de réir tíre	Luach an mheastacháin is fearr ar na hoibleagáidí árachais agus athárachais faoi réir coigeartú luaineachta le haghaidh an airgeadra tuairiscithe á dheighilt de réir tíre.
C0050/R0040	Cuid den mheastachán is fearr faoi réir coigeartú luaineachta a scríobhtar in airgeadraí — de réir tíre	Luach an mheastacháin is fearr ar na hoibleagáidí árachais agus athárachais faoi réir coigeartú luaineachta á dheighilt de réir airgeadra agus de réir tíre.

S.23.01 — Cistí Dílse

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach ráithiúil agus bliantúil le haghaidh eintitis aonair.

	MÍR	TREORACHA
Bunchistí dílse roimh asbhaint le haghaidh rannpháirtíochtaí in earnáil airgeadais eile mar a fhoráiltear in Airteagal 68 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35		
R0010/C0010	Gnáth-scairchaipiteal (comhlán na scaireanna dílse) — iomlán	Is é sin an gnáth-scairchaipiteal iomlán, idir scairchaipiteal arna shealbhú go díreach agus go hindíreach (roimh asbhaint na scaireanna dílse). Is é sin gnáth-scairchaipiteal iomlán an ghnóthais a chomhlíonann na critéir le haghaidh ítimí Leibhéal 1 nó Leibhéal 2 go hiomlán. Aon ghnáth-scairchaipiteal nach gcomhlíonann na critéir go hiomlán, láimhseálfar mar chaipiteal scaireanna tosaíochta é agus aicmeofar dá réir sin é d'ainneoin na tuairisce nó an ainmniúcháin a ghabhann leis.
R0010/C0020	Gnáth-scairchaipiteal (comhlán na scaireanna dílse) — leibhéal 1 neamhshrianta	Is é sin an méid gnáth-scairchaipitil láníoctha a chomhlíonann critéir Leibhéal 1 neamhshrianta.

	MÍR	TREORACHA
R0010/C0040	Gnáth-scairchaipiteal (comhlán na scaireanna dílse) — leibhéal 2	Is é sin an méid gnáth-scairchaipitil glaoite a chomhlíonann na critéir le haghaidh Leibhéal 2.
R0030/C0010	Cuntas scairbhisigh a bhaineann le gnáth-scairchaipiteal — iomlán	An cuntas scairbhisigh iomlán a bhaineann le gnáth-scairchaipiteal an ghnóthais a chomhlíonann na critéir le haghaidh ítimi Leibhéal 1 nó Leibhéal 2 go hiomlán.
R0030/C0020	Cuntas scairbhisigh a bhaineann le gnáth-scairchaipiteal — leibhéal 1 neamhshrianta	Is é sin méid an chuntais scairbhisigh a bhaineann le gnáthscaireanna a chomhlíonann na critéir le haghaidh Leibhéal 1 neamhshrianta toisc go mbaineann sé le gnáth-scairchaipiteal a láimhseáiltear mar Leibhéal 1 neamhshrianta.
R0030/C0040	Cuntas scairbhisigh a bhaineann le gnáth-scairchaipiteal — leibhéal 2	Is é sin méid an chuntais scairbhisigh a bhaineann le gnáthscaireanna a chomhlíonann na critéir le haghaidh Leibhéal 2 toisc go mbaineann sé le gnáth-scairchaipiteal a láimhseáiltear mar Leibhéal 2.
R0040/C0010	Cistí tosaigh, ranníocaíochtaí na mball nó an ítim choibhéiseach de bhunchiste dílis le haghaidh gnóthais fhrithpháirteacha agus gnóthais de chineál frithpháirteach — iomlán	Na cistí tosaigh, ranníocaíochtaí na mball nó an mhír choibhéiseach de bhunchiste dílis le haghaidh gnóthais fhrithpháirteacha agus gnóthais de chineál frithpháirteach a chomhlíonann na critéir le haghaidh mhíreanna Leibhéal 1 nó Leibhéal 2 go hiomlán.
R0040/C0020	Cistí tosaigh, ranníocaíochtaí na mball nó an ítim choibhéiseach de bhunchiste dílis le haghaidh gnóthais fhrithpháirteacha agus gnóthais de chineál frithpháirteach — leibhéal 1 neamhshrianta	Is é sin méid na gcistí tosaigh, ranníocaíochtaí na mball nó na hítime coibhéisí de bhunchiste dílis le haghaidh gnóthais fhrithpháirteacha agus gnóthais de chineál frithpháirteach a chomhlíonann na critéir le haghaidh Leibhéal 1 neamhshrianta.
R0040/C0040	Cistí tosaigh, ranníocaíochtaí na mball nó an ítim choibhéiseach de bhunchiste dílis le haghaidh gnóthais fhrithpháirteacha agus gnóthais de chineál frithpháirteach — leibhéal 2	Is é sin méid na gcistí tosaigh, ranníocaíochtaí na mball nó na míre coibhéisí de bhunchiste dílis le haghaidh gnóthais fhrithpháirteacha agus gnóthais de chineál frithpháirteach a chomhlíonann na critéir le haghaidh Leibhéal 2.
R0050/C0010	Fochuntais baill fhrithpháirtigh — iomlán	Is é sin an méid iomlán fochuntas baill fhrithpháirtigh a chomhlíonann na critéir le haghaidh ítimí Leibhéal 1 srianta, Leibhéal 2 nó Leibhéal 3 go hiomlán.

	MÍR	TREORACHA
R0050/C0030	Fochuntais baill fhrithpháirtigh — leibhéal 1 srianta	Is é sin an méid fochuntas baill fhrithpháirtigh a chomhlíonann na critéir le haghaidh mhíreanna Leibhéal 1 srianta.
R0050/C0040	Fochuntais baill fhrithpháirtigh — leibhéal 2	Is é sin an méid fochuntas baill fhrithpháirtigh a chomhlíonann na critéir le haghaidh mhíreanna Leibhéal 2.
R0050/C0050	Fochuntais baill fhrithpháirtigh — leibhéal 3	Is é sin an méid fochuntas baill fhrithpháirtigh a chomhlíonann na critéir le haghaidh mhíreanna Leibhéal 3.
R0070/C0010	Cistí barrachais — iomlán	Is é sin an méid iomlán cistí barrachais a thagann faoi Airteagal 91 (2) de Threoir 2009/138/CE.
R0070/C0020	Cistí barrachais — leibhéal 1 neamhshrianta	Is é sin an méid iomlán cistí barrachais a thagann faoi Airteagal 91 (2) de Threoir 2009/138/CE agus a chomhlíonann na critéir le haghaidh Leibhéal 1, ítimí neamhshrianta.
R0090/C0010	Scaireanna tosaíochta — iomlán	Is é sin an méid iomlán scaireanna tosaíochta arna eisiúint ag an ngnóthas a chomhlíonann na critéir le haghaidh ítimí Leibhéal 1 srianta, Leibhéal 2 nó Leibhéal 3 go hiomlán.
R0090/C0030	Scaireanna tosaíochta — leibhéal 1 srianta	Is é sin an méid scaireanna tosaíochta arna eisiúint ag an ngnóthas a chomhlíonann na critéir le haghaidh Leibhéal 1 srianta.
R0090/C0040	Scaireanna tosaíochta — leibhéal 2	Is é sin an méid scaireanna tosaíochta arna eisiúint ag an ngnóthas a chomhlíonann na critéir le haghaidh Leibhéal 2.

	MÍR	TREORACHA
R0090/C0050	Scaireanna tosaíochta — leibhéal 3	Is é sin an méid scaireanna tosaíochta arna eisiúint ag an ngnóthas a chomhlíonann na critéir le haghaidh Leibhéal 3.
R0110/C0010	Cuntas scairbhisigh a bhaineann le scaireanna tosaíochta — iomlán	An cuntas scairbhisigh iomlán a bhaineann le caipiteal scaireanna tosaíochta an ghnóthais a chomhlíonann na critéir le haghaidh ítimí Leibhéal 1 srianta, Leibhéal 2 nó Leibhéal 3 go hiomlán.
R0110/C0030	Cuntas scairbhisigh a bhaineann le scaireanna tosaíochta — leibhéal 1 srianta	Is é sin méid an chuntais scairbhisigh a bhaineann le scaireanna tosaíochta a chomhlíonann na critéir le haghaidh ítimí srianta Leibhéal 1 toisc go mbaineann sé le scaireanna tosaíochta a láimhseáiltear mar ítimí srianta Leibhéal 1.
R0110/C0040	Cuntas scairbhisigh a bhaineann le scaireanna tosaíochta — leibhéal 2	Is é sin méid an chuntais scairbhisigh a bhaineann le scaireanna tosaíochta a chomhlíonann na critéir le haghaidh Leibhéal 2 toisc go mbaineann sé le scaireanna tosaíochta a láimhseáiltear mar Leibhéal 2.
R0110/C0050	Cuntas scairbhisigh a bhaineann le scaireanna tosaíochta — leibhéal 3	Is é sin méid an chuntais scairbhisigh a bhaineann le scaireanna tosaíochta a chomhlíonann na critéir le haghaidh Leibhéal 3 toisc go mbaineann sé le scaireanna tosaíochta a láimhseáiltear mar Leibhéal 3.
R0130/C0010	Cúlchiste réitigh — iomlán	Is é cúlchistí (e.g. tuilleamh coimeádta), glanmhéid na gcoigeartuithe (e.g. cistí imfhálaithe) atá sa chúlchiste réitigh iomlán. Is as difríochtaí idir an luacháil chuntasaíochta agus an luacháil i gcomhréir le hAirteagal 75 de Threoir 2009/138/CE a eascraíonn sé go príomha.
R0130/C0020	Cúlchiste réitigh — leibhéal 1 neamhshrianta	Is iad cúlchistí (e.g. tuilleamh coimeádta), glanmhéid na gcoigeartuithe (e.g. cistí imfhálaithe) atá sa chúlchiste réitigh. Is as difríochtaí idir an luacháil chuntasaíochta agus an luacháil i gcomhréir le Treoir 2009/138/CE a eascraíonn sé go príomha.
R0140/C0010	Fodhliteanais — iomlán	Is é sin an méid iomlán fodhliteanas arna eisiúint ag an ngnóthas.
R0140/C0030	Fodhliteanais — leibhéal 1 srianta	Is é sin an méid fodhliteanas arna eisiúint ag an ngnóthas a chomhlíonann na critéir le haghaidh ítimí srianta Leibhéal 1.
R0140/C0040	Fodhliteanais — leibhéal 2	Is é sin an méid fodhliteanas arna eisiúint ag an ngnóthas a chomhlíonann na critéir le haghaidh Leibhéal 2.
R0140/C0050	Fodhliteanais — leibhéal 3	Is é sin an méid fodhliteanas arna eisiúint ag an ngnóthas a chomhlíonann na critéir le haghaidh Leibhéal 3.

	MÍR	TREORACHA
R0160/C0010	Méid atá cothrom le luach na nglansócmhainní cánach iarchurtha — iomlán	Is é sin an méid iomlán glansócmhainní cánach iarchurtha atá ag an ngnóthas.
R0160/C0050	Méid atá cothrom le luach na nglansócmhainní cánach iarchurtha — leibhéal 3	Is é sin méid na nglansócmhainní cánach iarchurtha atá ag an ngnóthas a chomhlíonann critéir aicmithe leibhéal 3. Ba cheart glanchánacha iarchurtha a bheith le feiceáil, más rud é gurb ann d'fharasbarr sócmhainní cánach iarchurtha thar na dliteanais chánach iarchurtha. Más rud é gurb airde na dliteanais chánach iarchurtha ná na sócmhainní cánach iarchurtha, ba cheart gur cothrom le 0 iad na glansócmhainní cánach iarchurtha.
R0180/C0010	Míreanna eile bunchistí dílse arna bhformheas ag an údarás maoirseachta mar bhunchistí dílse nach sonraítear thuas - iomlán	Is é sin iomlán na n-ítimí bunchistí dílse nach sainaithnítear thuas agus a fhaigheann formheas maoirseachta.
R0180/C0020	Ítimí eile bunchistí dílse arna bhformheas ag an údarás maoirseachta mar bhunchistí dílse nach sonraítear thuas — leibhéal 1 neamhshrianta	Is é sin an méid ítimí bunchistí dílse nach sainaithnítear thuas a chomhlíonann critéir Leibhéal 1 neamhshrianta agus a fhaigheann formheas maoirseachta.
R0180/C0030	Ítimí eile bunchistí dílse arna bhformheas ag an údarás maoirseachta mar bhunchistí dílse nach sonraítear thuas — Leibhéal 1 srianta	Is é sin an méid ítimí bunchistí dílse nach sainaithnítear thuas a chomhlíonann na critéir le haghaidh Leibhéal 1, ítimí srianta agus a fhaigheann formheas maoirseachta.
R0180/C0040	Ítimí eile bunchistí dílse arna bhformheas ag an údarás maoirseachta mar bhunchistí dílse nach sonraítear thuas — leibhéal 2	Is é sin an méid ítimí bunchistí dílse nach sainaithnítear thuas a chomhlíonann na critéir le haghaidh Leibhéal 2 agus a fuair formheas maoirseachta.
R0180/C0050	Ítimí eile bunchistí dílse arna bhformheas ag an údarás maoirseachta mar bhunchistí dílse nach sonraítear thuas — leibhéal 3	Is é sin an méid ítimí bunchistí dílse nach sainaithnítear thuas a chomhlíonann na critéir le haghaidh Leibhéal 3 agus a fhaigheann formheas maoirseachta.

Cistí dílse ó na ráitis airgeadais nár cheart a léiriú leis an gcúlchiste réitigh agus nach gcomhlíonann na critéir chun go n-aicmeofar mar chistí dílse Shócmhainneacht II iad

R0220/C0010	Cistí dílse ó na ráitis airgeadais nach léireofar leis an gcúlchiste réitigh agus nach gcomhlíonann na critéir chun go n-aicmeofar mar chistí dílse Shócmhainneacht II iad — iomlán	Is é sin an méid iomlán míreanna cistí dílse ó ráitis airgeadais nach léirítear leis an gcúlchiste réitigh agus nach gcomhlíonann na critéir chun go n-aicmeofar mar chistí dílse Shócmhainneacht II iad. Is é ceachtar de na hítimí seo a leanas iad na hítimí cistí dílse sin: i) ítimí atá le feiceáil i liostaí na nítimí cistí dílse, ach nach gcomhlíonann na critéir aicmithe ná na forálacha idirthréimhseacha; nó ii) ítimí a bhfuil sé beartaithe go bhfeidhmeoidh siad ról na gcistí dílse nach bhfuil ar liosta na n-ítimí cistí dílse agus nach bhfuil formheasta ag an údarás maoirseachta, agus nach bhfuil le feiceáil ar an gclár comhardaithe mar dhliteanais.

	MÍR	TREORACHA
		Dliteanais fho-ordaithe nach n-áirítear mar bhunchistí dílse, ní thuairisceofar anseo iad, ach ar an gclár comhardaithe (teimpléad S.02.01) mar dhliteanais fho-ordaithe nach n-áirítear mar bhunchistí dílse.
Asbhaintí		
R0230/C0010	Asbhaint le haghaidh rannpháirtíochtaí in institiúidí airgeadais agus creidmheasa — iomlán	Is é sin an asbhaint iomlán le haghaidh rannpháirtíochtaí in institiúidí airgeadais agus creidmheasa i gcomhréir le hAirteagal 68 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
R0230/C0020	Asbhaint le haghaidh rannpháirtíochtaí in institiúidí airgeadais agus creidmheasa — leibhéal 1 neamhshrianta	Is é sin méid na hasbhainte le haghaidh rannpháirtíochtaí in institiúidí airgeadais agus creidmheasa a asbhaintear ó leibhéal 1 neamhshrianta i gcomhréir le hAirteagal 68 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
R0230/C0030	Asbhaint le haghaidh rannpháirtíochtaí in institiúidí airgeadais agus creidmheasa — leibhéal 1 srianta	Is é sin méid na hasbhainte le haghaidh rannpháirtíochtaí in institiúidí airgeadais agus creidmheasa a asbhaintear ó leibhéal 1 srianta i gcomhréir le hAirteagal 68 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
R0230/C0040	Asbhaint le haghaidh rannpháirtíochtaí in institiúidí airgeadais agus creidmheasa — leibhéal 2	Is é sin méid na hasbhainte le haghaidh rannpháirtíochtaí in institiúidí airgeadais agus creidmheasa a asbhaintear ó leibhéal 2 i gcomhréir le hAirteagal 68 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
R0230/C0050	Asbhaint le haghaidh rannpháirtíochtaí in institiúidí airgeadais agus creidmheasa — Leibhéal 3	Is é sin méid na hasbhainte le haghaidh rannpháirtíochtaí in institiúidí airgeadais agus creidmheasa a asbhaintear ó Leibhéal 3 i gcomhréir le hAirteagal 68 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
Bunchistí dílse iomlána tar éis asbhaintí		
R0290/C0010	Bunchistí dílse iomlána tar éis asbhaintí	Is é sin an méid iomlán ítimí bunchistí dílse tar éis asbhaintí.
R0290/C0020	Bunchistí dílse iomlána tar éis asbhaintí — leibhéal 1 neamhshrianta	Is é sin an méid ítimí bunchistí dílse tar éis asbhaintí a chomhlíonann na critéir le haghaidh ítimí neamhshrianta Leibhéal 1.
R0290/C0030	Bunchistí dílse iomlána tar éis asbhaintí — leibhéal 1 srianta	Is é sin an méid míreanna bunchistí dílse tar éis asbhaintí a chomhlíonann na critéir le haghaidh mhíreanna srianta Leibhéal 1.
R0290/C0040	Bunchistí dílse iomlána tar éis asbhaintí — leibhéal 2	Is é sin an méid míreanna bunchistí dílse tar éis asbhaintí a chomhlíonann na critéir le haghaidh Leibhéal 2.
R0290/C0050	Bunchistí dílse iomlána tar éis asbhaintí — leibhéal 3	Is é sin an méid míreanna bunchistí dílse tar éis asbhaintí a chomhlíonann na critéir le haghaidh Leibhéal 3.
Cistí coimhdeacha dílse		
R0300/C0010	Gnáth-scairchaipiteal neamhíoctha agus neamhghlaoite is inghlaoite ar éileamh — iomlán	Is é sin an méid iomlán gnáth-scairchaipitil eisithe nach bhfuil glaoite ná láníoctha ach is inghlaoite ar éileamh.
R0300/C0040	Gnáth-scairchaipiteal neamhíoctha agus neamhghlaoite is inghlaoite ar éileamh — leibhéal 2	Is é sin an méid iomlán gnáth-scairchaipitil atá eisithe nach bhfuil glaoite ná láníoctha ach is inghlaoite ar éileamh a chomhlíonann na critéir le haghaidh Leibhéal 2.

	MÍR	TREORACHA
R0310/C0010	Cistí tosaigh neamhíoctha agus neamhghlaoite, ranníocaíochtaí na mball nó an mhír choibhéiseach de bhunchiste dílis le haghaidh gnóthais fhrithpháirteacha agus gnóthais de chineál frithpháirteach — is inghlaoite ar éileamh – iomlán	Is é sin an méid iomlán cistí tosaigh, ranníocaíochtaí iomlána na mball nó na hítime coibhéisí de bhunchiste dílis le haghaidh gnóthais fhrithpháirteacha agus gnóthais de chineál frithpháirteach nach bhfuil glaoite ná láníoctha ach is inghlaoite ar éileamh.
R0310/C0040	Cistí tosaigh neamhíoctha agus neamhghlaoite, ranníocaíochtaí na mball nó an ítim choibhéiseach de bhunchiste dílis le haghaidh gnóthais fhrithpháirteacha agus gnóthais de chineál frithpháirteach, is inghlaoite ar éileamh — leibhéal 2	Is é sin an méid iomlán cistí tosaigh, ranníocaíochtaí na mball nó an mhír choibhéiseach de bhunchiste dílis le haghaidh gnóthais fhrithpháirteacha agus gnóthais de chineál frithpháirteach nach bhfuil glaoite ná láníoctha ach is inghlaoite ar éileamh a chomhlíonann na critéir le haghaidh Leibhéal 2.
R0320/C0010	Scaireanna tosaíochta neamhíoctha agus neamhghlaoite is inghlaoite ar éileamh — iomlán	Is é sin an méid iomlán scaireanna tosaíochta nach bhfuil glaoite ná láníoctha ach is inghlaoite ar éileamh.
R0320/C0040	Scaireanna tosaíochta neamhíoctha agus neamhghlaoite is inghlaoite ar éileamh — leibhéal 2	Is é sin an méid iomlán scaireanna tosaíochta nach bhfuil glaoite ná láníoctha ach is inghlaoite ar éileamh agus a chomhlíonann na critéir le haghaidh Leibhéal 2.
R0320/C0050	Scaireanna tosaíochta neamhíoctha agus neamhghlaoite is inghlaoite ar éileamh — leibhéal 3	Is é sin an méid iomlán scaireanna tosaíochta nach bhfuil glaoite ná láníoctha ach is inghlaoite ar éileamh agus a chomhlíonann na critéir le haghaidh Leibhéal 3
R0330/C0010	Gealltanas atá ceangailteach ó thaobh dlí de chun fodhliteanais a shuibscríobh agus chun íoc astu ar éileamh — iomlán	Is é sin an méid iomlán gealltanas atá ceangailteach ó thaobh dlí de chun fodhliteanais a shuibscríobh agus chun íoc astu ar éileamh.
R0330/C0040	Gealltanas atá ceangailteach ó thaobh dlí de chun fodhliteanais a shuibscríobh agus chun íoc astu ar éileamh — leibhéal 2	Is é sin an méid iomlán gealltanas, atá ceangailteach ó thaobh dlí de, chun fodhliteanais a shuibscríobh agus chun íoc astu ar éileamh, a chomhlíonann na critéir le haghaidh Leibhéal 2.
R0330/C0050	Gealltanas atá ceangailteach ó thaobh dlí de chun fodhliteanais a shuibscríobh agus chun íoc astu ar éileamh — leibhéal 3	Is é sin an méid iomlán gealltanas, atá ceangailteach ó thaobh dlí de, chun fodhliteanais a shuibscríobh agus chun íoc astu ar éileamh, a chomhlíonann na critéir le haghaidh Leibhéal 3.
R0340/C0010	Litreacha creidmheasa agus ráthaíochtaí faoi Airteagal 96 (2) de Threoir 2009/138/CE – iomlán	Is é sin an méid iomlán litreacha creidmheasa agus ráthaíochtaí arna sealbhú ar iontaoibh ar mhaithe le creidiúnaithe árachais ag iontaobhaí neamhspleách agus arna soláthar ag institiúidí creidmheasa arna n-údarú i gcomhréir le Treoir 2006/48/CE.

	MÍR	TREORACHA
R0340/C0040	Litreacha creidmheasa agus ráthaíochtaí faoi Airteagal 96 (2) de Threoir 2009/138/CE – leibhéal 2	Is é sin an méid litreacha creidmheasa agus ráthaíochtaí arna sealbhú ar iontaoibh ar mhaithe le creidiúnaithe árachais ag iontaobhaí neamhspleách agus arna soláthar ag institiúidí creidmheasa arna n-údarú i gcomhréir le Treoir 2006/48/CE a chomhlíonann na critéir le haghaidh Leibhéal 2.
R0350/C0010	Litreacha creidmheasa agus ráthaíochtaí seachas litreacha creidmheasa agus ráthaíochtaí faoi Airteagal 96(2) de Threoir 2009/138/CE – iomlán	Is é sin an méid iomlán litreacha creidmheasa agus ráthaíochtaí a chomhlíonann critéir le haghaidh Leibhéal 2 nó Leibhéal 3, seachas iad siúd arna sealbhú ar iontaoibh ar mhaithe le creidiúnaithe árachais ag iontaobhaí neamhspleách agus arna soláthar ag institiúidí creidmheasa arna n-údarú i gcomhréir le Treoir 2006/48/CE.
R0350/C0040	Litreacha creidmheasa agus ráthaíochtaí seachas litreacha creidmheasa agus ráthaíochtaí faoi Airteagal 96(2) de Threoir 2009/138/CE — leibhéal 2	Is é sin an méid litreacha creidmheasa agus ráthaíochtaí a chomhlíonann na critéir le haghaidh Leibhéal 2, seachas iad siúd arna sealbhú ar iontaoibh ar mhaithe le creidiúnaithe árachais ag iontaobhaí neamhspleách agus arna soláthar ag institiúidí creidmheasa arna n-údarú i gcomhréir le Treoir 2006/48/CE.
R0350/C0050	Litreacha creidmheasa agus ráthaíochtaí seachas litreacha creidmheasa agus ráthaíochtaí faoi Airteagal 96(2) de Threoir 2009/138/CE — leibhéal 3	Is é sin an méid litreacha creidmheasa agus ráthaíochtaí a chomhlíonann na critéir le haghaidh Leibhéal 3, seachas iad siúd arna sealbhú ar iontaoibh ar mhaithe le creidiúnaithe árachais ag iontaobhaí neamhspleách agus arna soláthar ag institiúidí creidmheasa arna n-údarú i gcomhréir le Treoir 2006/48/CE.
R0360/C0010	Glaonna forlíontacha ball faoin gcéad fhomhír d'Airteagal 96 (3) de Threoir 2009/138/CE — iomlán	Is é sin an méid iomlán d'aon éileamh amach anseo a fhéadfaidh a bheith ag comhlachais longúinéirí fhrithpháirteacha nó de chineál frithpháirteach ag a bhfuil ranníocaíochtaí athraitheacha nach ndéanann ach rioscaí a liostaítear in aicmí 6, 12 agus 17 i gCuid A d'Iarscríbhinn I a árachú, in aghaidh a mball trí bhíthin glao ar ranníocaíochtaí forlíontacha laistigh den chéad 12 mhí eile.
R0360/C0040	Glaonna forlíontacha ball faoin gcéad fhomhír d'Airteagal 96 (3) de Threoir 2009/138/CE — leibhéal 2	Is é sin an méid iomlán d'aon éileamh amach anseo a fhéadfaidh a bheith ag comhlachais longúinéirí fhrithpháirteacha nó de chineál frithpháirteach ag a bhfuil ranníocaíochtaí athraitheacha nach ndéanann ach rioscaí a liostaítear in aicmí 6, 12 agus 17 i gCuid A d'Iarscríbhinn I a árachú, in aghaidh a mball trí bhíthin glao ar ranníocaíochtaí forlíontacha laistigh den chéad 12 mhí eile.
R0370/C0010	Glaonna forlíontacha ball — seachas glaonna faoin gcéad fhomhír d'Airteagal 96(3) de Threoir 2009/138/CE - iomlán	Is é sin an méid iomlán d'aon éileamh amach anseo a fhéadfaidh a bheith ag comhlachais fhrithpháirteacha nó de chineál frithpháirteach ag a bhfuil ranníocaíochtaí athraitheacha, in aghaidh a mball trí bhíthin glao ar ranníocaíochtaí forlíontacha laistigh den chéad 12 mhí eile, seachas iad siúd ar a dtugtar tuairisc sa chéad fhomhír d'Airteagal 96(3) de Threoir 2009/138/CE.

	MÍR	TREORACHA
R0370/C0040	Glaonna forlíontacha ball — seachas glaonna faoin gcéad fhomhír d'Airteagal 96(3) de Threoir 2009/138/CE — leibhéal 2	Is é sin an méid iomlán d'aon éileamh amach anseo a fhéadfaidh a bheith ag comhlachais fhrithpháirteacha nó de chineál frithpháirteach ag a bhfuil ranníocaíochtaí athraitheacha, in aghaidh a mball trí bhíthin glao ar ranníocaíochtaí forlíontacha laistigh den chéad 12 mhí eile, seachas iad siúd ar a dtugtar tuairisc sa chéad fhomhír d'Airteagal 96(3) de Threoir 2009/138/CE agus a chomhlíonann na critéir le haghaidh Leibhéal 2.
R0370/C0050	Glaonna forlíontacha ball — seachas glaonna faoin gcéad fhomhír d'Airteagal 96(3) de Threoir 2009/138/CE — leibhéal 3	Is é sin an méid iomlán d'aon éileamh amach anseo a fhéadfaidh a bheith ag comhlachais longúinéirí fhrithpháirteacha nó de chineál frithpháirteach ag a bhfuil ranníocaíochtaí athraitheacha, in aghaidh a mball trí bhíthin glao ar ranníocaíochtaí forlíontacha laistigh den chéad 12 mhí eile, seachas iad siúd ar a dtugtar tuairisc sa chéad fhomhír d'Airteagal 96(3) de Threoir Réime 2009/138/CE agus a chomhlíonann na critéir le haghaidh Leibhéal 3.
R0390/C0010	Cistí coimhdeacha dílse eile — iomlán	Is é sin an méid iomlán cistí coimhdeacha dílse eile.
R0390/C0040	Cistí coimhdeacha dílse eile — leibhéal 2	Is é sin an méid cistí coimhdeacha dílse eile a chomhlíonann na critéir le haghaidh Leibhéal 2.
R0390/C0050	Cistí coimhdeacha dílse eile — leibhéal 3	Is é sin an méid cistí coimhdeacha dílse eile a chomhlíonann na critéir le haghaidh Leibhéal 3.
R0400/C0010	Cistí coimhdeacha dílse iomlána	Is é sin an méid iomlán ítimí cistí coimhdeacha dílse.
R0400/C0040	Cistí coimhdeacha dílse iomlána leibhéal 2	Is é sin an méid míreanna cistí dílse a chomhlíonann na critéir le haghaidh mhíreanna Leibhéal 2.
R0400/C0050	Cistí coimhdeacha dílse iomlána — leibhéal 3	Is é sin an méid míreanna cistí dílse a chomhlíonann na critéir le haghaidh mhíreanna Leibhéal 3.
Cistí dílse atá ar fáil agus incháilithe		
R0500/C0010	Iomlán na gcistí dílse atá ar fáil chun SCR a chomhlíonadh	Is é sin suim na míreanna bunchistí dílse, tar éis asbhaintí, agus na míreanna cistí coimhdeacha dílse uile a chomhlíonann critéir Leibhéal 1, Leibhéal 2 agus Leibhéal 3 agus atá ar fáil dá bhrí sin chun SCR a chomhlíonadh.
R0500/C0020	Iomlán na gcistí dílse atá ar fáil chun SCR a chomhlíonadh — leibhéal 1 neamhshrianta	Is é sin suim na míreanna bunchistí dílse uile, tar éis asbhaintí, a chomhlíonann na critéir chun go n-áireofar iad i míreanna neamhshrianta Leibhéal 1 agus atá ar fáil dá bhrí sin chun SCR a chomhlíonadh.
R0500/C0030	Iomlán na gcistí dílse atá ar fáil chun SCR a chomhlíonadh — leibhéal 1 srianta	Is é sin suim na míreanna bunchistí dílse uile, tar éis asbhaintí, a chomhlíonann na critéir chun go n-áireofar iad i míreanna srianta Leibhéal 1 agus atá ar fáil dá bhrí sin chun SCR a chomhlíonadh.
R0500/C0040	Iomlán na gcistí dílse atá ar fáil chun SCR a chomhlíonadh — leibhéal 2	Is é sin suim na míreanna bunchistí dílse uile, tar éis asbhaintí, agus míreanna coimhdeacha cistí dílse a chomhlíonann na critéir chun go n-áireofar iad i Leibhéal 2 agus atá ar fáil dá bhrí sin chun SCR a chomhlíonadh.
R0500/C0050	Iomlán na gcistí dílse atá ar fáil chun SCR a chomhlíonadh — leibhéal 3	Is é sin suim na míreanna bunchistí dílse uile, tar éis asbhaintí, agus míreanna coimhdeacha cistí dílse a chomhlíonann na critéir chun go n-áireofar iad i Leibhéal 3 agus atá ar fáil dá bhrí sin chun SCR a chomhlíonadh.

	MÍR	TREORACHA
R0510/C0010	Iomlán na gcistí dílse atá ar fáil chun MCR a chomhlíonadh	Is é sin suim na míreanna bunchistí dílse, tar éis asbhaintí, a chomhlíonann critéir Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 agus atá ar fáil dá bhrí sin chun MCR a chomhlíonadh.
R0510/C0020	Iomlán na gcistí dílse atá ar fáil chun MCR a chomhlíonadh — leibhéal 1 neamhshrianta	Is é sin suim na míreanna bunchistí dílse uile, tar éis asbhaintí, a chomhlíonann na critéir chun go n-áireofar iad i míreanna neamhshrianta Leibhéal 1 agus atá ar fáil dá bhrí sin chun MCR a chomhlíonadh.
R0510/C0030	Iomlán na gcistí dílse atá ar fáil chun MCR a chomhlíonadh — leibhéal 1 srianta	Is é sin suim na míreanna bunchistí dílse uile, tar éis asbhaintí, a chomhlíonann na critéir chun go n-áireofar iad i míreanna srianta Leibhéal 1 agus atá ar fáil dá bhrí sin chun MCR a chomhlíonadh.
R0510/C0040	Iomlán na gcistí dílse atá ar fáil chun MCR a chomhlíonadh — leibhéal 2	Is é sin suim na míreanna bunchistí dílse uile, tar éis asbhaintí, a chomhlíonann na critéir chun go n-áireofar iad i míreanna Leibhéal 2 srianta agus atá ar fáil dá bhrí sin chun MCR a chomhlíonadh.
R0540/C0010	Iomlán na gcistí dílse incháilithe atá ar fáil chun SCR a chomhlíonadh	Is é sin an méid iomlán cistí dílse atá ar fáil agus incháilithe chun SCR a chumhdach.
R0540/C0020	Iomlán na gcistí dílse incháilithe chun SCR a chomhlíonadh — leibhéal 1 neamhshrianta	Is é sin méid ítimí neamhshrianta cistí dílse Leibhéal 1 atá incháilithe chun SCR a chomhlíonadh.
R0540/C0030	Iomlán na gcistí dílse incháilithe chun SCR a chomhlíonadh — leibhéal 1 srianta	Is é sin méid ítimí srianta cistí dílse Leibhéal 1 atá incháilithe chun SCR a chomhlíonadh.
R0540/C0040	Iomlán na gcistí dílse incháilithe chun SCR a chomhlíonadh — leibhéal 2	Is é sin méid ítimí cistí dílse Leibhéal 2 atá incháilithe chun SCR a chomhlíonadh.
R0540/C0050	Iomlán na gcistí dílse incháilithe chun SCR a chomhlíonadh — leibhéal 3	Is é sin méid ítimí cistí dílse Leibhéal 3 atá incháilithe chun SCR a chomhlíonadh.
R0550/C0010	Iomlán na gcistí dílse atá incháilithe chun MCR a chomhlíonadh	Is é sin méid iomlán na n-ítimí cistí dílse atá incháilithe chun MCR a chomhlíonadh.
R0550/C0020	Iomlán na gcistí dílse incháilithe chun MCR a chomhlíonadh — leibhéal 1 neamhshrianta	Is é sin méid ítimí neamhshrianta chistí dílse Leibhéal 1 atá incháilithe chun MCR a chomhlíonadh.
R0550/C0030	Iomlán na gcistí dílse incháilithe chun MCR a chomhlíonadh — leibhéal 1 srianta	Is é sin méid ítimí srianta chistí dílse Leibhéal 1 atá incháilithe chun MCR a chomhlíonadh.
R0550/C0040	Iomlán na gcistí dílse incháilithe chun MCR a chomhlíonadh — leibhéal 2	Is é sin méid ítimí bunchistí dílse Leibhéal 2 atá incháilithe chun MCR a chomhlíonadh.

	MÍR	TREORACHA
R0580/C0010	SCR	Is é sin SCR iomlán an ghnóthais ina iomláine agus comhfhreagróidh sé do SCR arna thuairisciú ar theimpléad ábhartha SCR. Le haghaidh tuairisciú ráithiúil, is é sin an SCR is déanaí lena ríomh agus lena thuairisciú i gcomhréir le hAirteagail 103 go 127 de Threoir 2009/138/CE, an ceann bliantúil nó ceann níos déanaí i gcás ina ndearnadh SCR a athríomh, mar shampla mar gheall ar athrú sa phróifíl riosca, sárú nó riosca go sárófaí SCR. Áireofar leis an méid aon fhorlíontán caipitil arna shocrú ag an Údarás Maoirseachta Náisiúnta. I gcás nach ndearnadh aon athríomh iomlán chun críoch an tuairiscithe ráithiúil ach ina ndearnadh gnóthais an SCR a thabhairt cothrom le dáta le comhfhogasuithe, is féidir an SCR nuashonraithe sin a thuairisciú sa chur isteach ráithiúil.
R0600/C0010	MCR	Is é sin MCR iomlán an ghnóthais ina iomláine agus comhfhreagróidh sé do MCR arna thuairisciú ar theimpléad ábhartha MCR.
R0620/C0010	Cóimheas idir na cistí dílse incháilithe agus SCR	Is é sin an cóimheas sócmhainneachta arna ríomh mar iomlán na gcistí dílse incháilithe chun SCR a chomhlíonadh arna roinnt ar mhéid SCR.
R0640/C0010	Cóimheas idir na cistí dílse incháilithe agus MCR	Is é sin cóimheas MCR arna ríomh mar iomlán na gcistí dílse incháilithe chun MCR a chomhlíonadh arna roinnt ar mhéid MCR.
Cúlchiste Réitigh		
R0700/C0060	Farasbarr sócmhainní thar dhliteanais	Is é sin an farasbarr sócmhainní thar dhliteanais mar a thuairiscítear i gclár comhardaithe Shócmhainneacht 2.
R0710/C0060	Scaireanna dílse (arna sealbhú go díreach agus go hindíreach)	Is é sin méid iomlán na scaireanna dílse arna sealbhú ag an ngnóthas, go díreach agus go hindíreach araon.
R0720/C0060	Díbhinní, dáiltí agus muirir intuartha	Is iad sin na díbhinní, dáiltí agus muirir is féidir leis an ngnóthas a thuar. A luaithe is intuartha díbhinn, meastar ina hiomláine sa tuairisciú ráithiúil í. A luaithe is intuartha díbhinn, ní mór méid iomlán na díbhinne a áireamh sa tuairisciú ráithiúil ag aon tráth amháin, rud a chiallaíonn nach gcuirfear leis an tuairisciú go hincriminteach ó ráithe go ráithe í. Is intuartha díbhinn i gcás ina dtiocfaidh an íocaíocht chun bheith dóchúil agus stair íocaíochta díbhinní na cuideachta á breithniú, mar aon leis an bhforbairt ghnó ar feadh na bliana, dáta tagartha an mheasúnaithe agus, i gcás inarb iomchuí, imthosca ábhartha eile. Tuairisceofar an díbhinn mar ní is intuartha go dtí go bhformheasfar í ag an gcruinniú ginearálta bliantúil (ní go dtí go mbeidh sí íoctha).
R0730/C0060	Ítimí eile de bhunchistí dílse	Is iad sin na míreanna de bhunchistí dílse a áirítear i bpointí (a)(i) go (v) d'Airteagal 69, Airteagal 72(a) agus Airteagal 76(a), mar aon leis na míreanna de bhunchistí dílse arna bhformheas ag an údarás maoirseachta i gcomhréir le hAirteagal 79 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
R0740/C0060	Coigeartú le haghaidh míreanna srianta de chistí dílse i leith punanna coigeartaithe meaitseála agus cistí imfhálaithe	Is é sin méid iomlán an choigeartaithe ar an gcúlchiste imréitigh i ngeall ar ítimí srianta cistí dílse a bheith ann i leith cistí imfhálaithe agus punanna meaitseála.
R0760/C0060	Cúlchiste réitigh — iomlán	Is é sin cúlchiste imréitigh an ghnóthais, roimh asbhaint le haghaidh rannpháirtíochtaí in earnáil airgeadais eile mar a fhoráiltear in Airteagal 68 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.

	MÍR	TREORACHA
R0770/C0060	Brabúis lena bhfuil coinne a áirítear i bpréimheanna amach anseo (EPIFP) — Saol gnó	Áirítear leis an gcúlchiste imréitigh méid fharasbarr na sócmhainní thar dhliteanais a chomhfhreagraíonn don bhrabús lena bhfuil coinne i bpréimheanna amach anseo (“EPIFP”). Léiríonn an chill sin an méid de chomhlán athárachais agus cánacha (i.e. gan a dtionchar a bhreithniú) le haghaidh ghnó saoil an ghnóthais.
R0780/C0060	Brabúis lena bhfuil coinne a áirítear i bpréimheanna amach anseo (EPIFP) — Neamhshaol gnó	Áirítear leis an gcúlchiste imréitigh méid fharasbarr na sócmhainní thar dhliteanais a chomhfhreagraíonn don bhrabús lena bhfuil coinne i bpréimheanna amach anseo (EPIFP). Léiríonn an chill sin an méid de chomhlán athárachais agus cánacha (i.e. gan a dtionchar a bhreithniú) le haghaidh ghnó neamhshaoil an ghnóthais.
R0790/C0060	Brabúis lena bhfuil coinne a áirítear i bpréimheanna amach anseo (EPIFP) — Saol gnó	Is é sin an méid iomlán arna ríomh mar bhrabúis lena bhfuil coinne a áirítear i bpréimheanna amach anseo.

S.23.02 — Faisnéis mhionsonraithe de réir leibhéal ar chistí dílse

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil le haghaidh eintitis aonair.

	MÍR	TREORACHA
R0010/C0010	Gnáth-scairchaipiteal — Íoctha — iomlán	Is é sin an méid iomlán gnáth-scairchaipitil íoctha, lena n-áirítear scaireanna dílse.
R0010/C0020	Gnáth-scairchaipiteal — Íoctha — Leibhéal 1	Is é sin an méid iomlán gnáth-scairchaipitil íoctha a chomhlíonann na critéir le haghaidh Leibhéal 1, lena n-áirítear scaireanna dílse.
R0020/C0010	Gnáth-scairchaipiteal — Glaoite ach gan bheith íoctha go fóill — iomlán	Is é sin an méid iomlán gnáthscaireanna atá glaoite ach nár íocadh go fóill, lena n-áirítear scaireanna dílse.
R0020/C0040	Gnáth-scairchaipiteal — Glaoite ach gan bheith íoctha go fóill — Leibhéal 2	Is é sin an méid gnáthscaireanna atá glaoite ach nár íocadh go fóill a chomhlíonann na critéir le haghaidh Leibhéal 2, lena n-áirítear scaireanna dílse.
R0030/C0010	Scaireanna dílse arna sealbhú — iomlán	Is é sin an méid iomlán scaireanna dílse arna sealbhú ag an ngnóthas.
R0030/C0020	Scaireanna dílse arna sealbhú — Leibhéal 1	Is é sin an méid iomlán scaireanna dílse arna sealbhú ag an ngnóthas, a chomhlíonann na critéir le haghaidh Leibhéal 1.
R0100/C0010	Gnáth-scairchaipiteal iomlán	Is é sin an méid iomlán gnáth-scairchaipitil. Tabhair faoi deara go ndéanfar scaireanna dílse arna sealbhú a áireamh mar scaireanna dílse íoctha nó mar scaireanna dílse glaoite ach gan bheith íoctha go fóill.
R0100/C0020	Gnáth-scairchaipiteal iomlán — Leibhéal 1	Is é sin an méid iomlán gnáth-scairchaipitil a chomhlíonann na critéir le haghaidh Leibhéal 1. Tabhair faoi deara go ndéanfar scaireanna dílse arna sealbhú a áireamh mar scaireanna dílse íoctha nó mar scaireanna dílse glaoite ach gan bheith íoctha go fóill.
R0100/C0040	Gnáth-scairchaipiteal iomlán — Leibhéal 2	Is é sin an méid iomlán gnáth-scairchaipitil a chomhlíonann na critéir le haghaidh Leibhéal 2.
R0110/C0010	Cistí tosaigh, ranníocaíochtaí comhaltaí nó na míreanna coibhéiseacha de bhunchiste dílis le haghaidh gnóthais fhrithpháirteacha agus gnóthais de chineál frithpháirteach — Íoctha — iomlán	Is é sin an méid iomlán cistí tosaigh íoctha, ranníocaíochtaí comhaltaí nó míreanna coibhéiseacha de bhunchiste dílis le haghaidh gnóthais fhrithpháirteacha agus gnóthais de chineál frithpháirteach.

	MÍR	TREORACHA
R0110/C0020	Cistí tosaigh, ranníocaíochtaí comhaltaí nó na míreanna coibhéiseacha de bhunchiste dílis le haghaidh gnóthais fhrithpháirteacha agus gnóthais de chineál frithpháirteach — Íoctha — Leibhéal 1	Is é sin an méid iomlán cistí tosaigh, ranníocaíochtaí comhaltaí nó míreanna coibhéiseacha de bhunchiste dílis le haghaidh gnóthais fhrithpháirteacha agus gnóthais de chineál frithpháirteach a chomhlíonann na critéir le haghaidh Leibhéal 1.
R0120/C0010	Cistí tosaigh, ranníocaíochtaí comhaltaí nó na míreanna coibhéiseacha de bhunchiste dílis le haghaidh gnóthais fhrithpháirteacha agus gnóthais de chineál frithpháirteach — Glaoite ach gan bheith íoctha go fóill — iomlán	Is é sin an méid iomlán cistí tosaigh, ranníocaíochtaí comhaltaí nó míreanna coibhéiseacha de bhunchiste dílis le haghaidh gnóthais fhrithpháirteacha agus gnóthais de chineál frithpháirteach atá glaoite ach nár íocadh go fóill
R0120/C0040	Cistí tosaigh, ranníocaíochtaí comhaltaí nó na míreanna coibhéiseacha de bhunchiste dílis le haghaidh gnóthais fhrithpháirteacha agus gnóthais de chineál frithpháirteach — Glaoite ach gan bheith íoctha go fóill — Leibhéal 2	Is é sin an méid iomlán cistí tosaigh, ranníocaíochtaí comhaltaí nó míreanna coibhéiseacha de bhunchiste dílis le haghaidh gnóthais fhrithpháirteacha agus gnóthais de chineál frithpháirteach a chomhlíonann na critéir le haghaidh Leibhéal 2.
R0200/C0010	An méid iomlán cistí tosaigh, ranníocaíochtaí comhaltaí nó míreanna coibhéiseacha de bhunchiste dílis le haghaidh gnóthais fhrithpháirteacha agus gnóthais de chineál frithpháirteach	Is é sin an méid iomlán cistí tosaigh, ranníocaíochtaí comhaltaí nó míreanna coibhéiseacha de bhunchiste dílis le haghaidh gnóthais fhrithpháirteacha agus gnóthais de chineál frithpháirteach
R0200/C0020	An méid iomlán cistí tosaigh, ranníocaíochtaí comhaltaí nó míreanna coibhéiseacha de bhunchiste dílis le haghaidh gnóthais fhrithpháirteacha agus gnóthais de chineál frithpháirteach — Leibhéal 1	Is é sin an méid iomlán cistí tosaigh, ranníocaíochtaí comhaltaí nó míreanna coibhéiseacha de bhunchiste dílis le haghaidh gnóthais fhrithpháirteacha agus gnóthais de chineál frithpháirteach a chomhlíonann na critéir le haghaidh Leibhéal 1.

	MÍR	TREORACHA
R0200/C0040	An méid iomlán cistí tosaigh, ranníocaíochtaí comhaltaí nó míreanna coibhéiseacha de bhunchiste dílis le haghaidh gnóthais fhrithpháirteacha agus gnóthais de chineál frithpháirteach — Leibhéal 2	Is é sin an méid iomlán cistí tosaigh, ranníocaíochtaí comhaltaí nó míreanna coibhéiseacha de bhunchiste dílis le haghaidh gnóthais fhrithpháirteacha agus gnóthais de chineál frithpháirteach a chomhlíonann na critéir le haghaidh Leibhéal 2.
R0210/C0010	Fochuntais baill fhrithpháirtigh — Fochuntais dhátaithe — iomlán	Is é sin an méid iomlán fochuntas dátaithe baill fhrithpháirtigh
R0210/C0020	Fochuntais baill fhrithpháirtigh — Fochuntais dhátaithe — Leibhéal 1	Is é sin an méid iomlán fochuntas dátaithe baill fhrithpháirtigh a chomhlíonann na critéir le haghaidh Leibhéal 1.
R0210/C0030	Fochuntais baill fhrithpháirtigh — Fochuntais dhátaithe — a gcomhairtear Leibhéal 1 díobh faoi fhorálacha idirthréimhseacha	Is é sin an méid iomlán fochuntas dátaithe baill fhrithpháirtigh a chomhlíonann na critéir le haghaidh Leibhéal 1 a chomhairtear faoi na forálacha idirthréimhseacha.
R0210/C0040	Fochuntais baill fhrithpháirtigh — Fochuntais dhátaithe — Leibhéal 2	Is é sin an méid iomlán fochuntas dátaithe baill fhrithpháirtigh a chomhlíonann na critéir le haghaidh Leibhéal 2.

	MÍR	TREORACHA
R0210/C0050	Fochuntais baill fhrithpháirtigh — Fochuntais dhátaithe — a gcomhairtear Leibhéal 2 díobh faoi fhorálacha idirthréimhseacha	Is é sin an méid iomlán fochuntas dátaithe baill fhrithpháirtigh a chomhlíonann na critéir le haghaidh Leibhéal 2 a chomhairtear faoi na forálacha idirthréimhseacha.
R0210/C0060	Fochuntais baill fhrithpháirtigh — Fochuntais dhátaithe — Leibhéal 3	Is é sin an méid iomlán fochuntas dátaithe baill fhrithpháirtigh a chomhlíonann na critéir le haghaidh Leibhéal 3.
R0220/C0010	Fochuntais baill fhrithpháirtigh — Fochuntais neamhdhátaithe lena ngabhann céadrogha ar cheannach — iomlán	Is é sin an méid iomlán fochuntas neamhdhátaithe baill fhrithpháirtigh lena ngabhann céadrogha ar cheannach.
R0220/C0020	Fochuntais baill fhrithpháirtigh — Fochuntais neamhdhátaithe lena ngabhann céadrogha ar cheannach — Leibhéal 1	Is é sin an méid iomlán fochuntas neamhdhátaithe baill fhrithpháirtigh lena ngabhann céadrogha ar cheannach a chomhlíonann na critéir le haghaidh Leibhéal 1.
R0220/C0030	Fochuntais baill fhrithpháirtigh — Fochuntais neamhdhátaithe lena ngabhann céadrogha ar cheannach — a gcomhairtear Leibhéal 1 díobh faoi fhorálacha idirthréimhseacha	Is é sin an méid iomlán fochuntas neamhdhátaithe baill fhrithpháirtigh lena ngabhann céadrogha ar cheannach a chomhlíonann na critéir le haghaidh Leibhéal 1 a chomhairtear faoi na forálacha idirthréimhseacha.
C0420	Cothromas Chineál 2	Is é seo luach gach rannpháirtíochta i ngnóthais ghaolmhara arb institiúidí airgeadais agus creidmheasa iad nach bhfuil straitéiseach, nach n-asbhaintear é i gcomhréir le hAirteagal 68(1) agus Airteagal 68(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 agus a sealbhaítear é i gcothromais chineál 2, arb é atá i gceist leis suim na nithe seo a leanas: 1) luach rannpháirtíochtaí neamhstraitéiseacha in institiúidí airgeadais agus creidmheasa nach n-asbhaintear iad i gcomhréir leis an dá Airteagal 68(1) agus 68(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, toisc gurb ísle suim na rannpháirtíochtaí in institiúidí airgeadais agus creidmheasa ná 10 %, 2) an chuid atá fágtha de na rannpháirtíochtaí neamhstraitéiseacha a n-asbhaintear iad i gcomhréir le hAirteagal 68(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35. Tá le cothromas chineál 2 an bhrí mar a shainmhínítear in Airteagal 168(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
C0430	Dliteanais fho-ordaithe	Is é seo luach gach rannpháirtíochta i ngnóthais ghaolmhara arb institiúidí airgeadais agus creidmheasa iad nach bhfuil straitéiseach, nach n-asbhaintear é i gcomhréir le hAirteagal 68(1) agus Airteagal 68(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 agus a sealbhaítear é i ndliteanais fho-ordaithe, arb é atá i gceist leis suim na nithe seo a leanas: 1) luach rannpháirtíochtaí neamhstraitéiseacha in institiúidí airgeadais agus creidmheasa nach n-asbhaintear iad i gcomhréir leis an dá Airteagal 68(1) agus 68(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, toisc gurb ísle suim na rannpháirtíochtaí in institiúidí airgeadais agus creidmheasa ná 10 %, 2) an chuid atá fágtha de na rannpháirtíochtaí neamhstraitéiseacha a n-asbhaintear iad i gcomhréir le hAirteagal 68(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.

Tábla 6 — Rannpháirtíochtaí straitéiseacha eile nach bhfuil in institiúid airgeadais agus creidmheasa

C0440	Ainm an ghnóthais ghaolmhair	Is é seo ainm an ghnóthais ghaolmhair ina sealbhaítear an rannpháirtíocht. Is iad seo rannpháirtíochtaí nach bhfuil in institiúidí airgeadais agus creidmheasa agus a mheastar a bheith straitéiseach.
C0450	Cód Aitheantais Sócmhainne	Cód aitheantais Sócmhainne ag úsáid na tosaíochta seo a leanas: — Cód ISO 6166 de chuid ISIN nuair a bhíonn sé ar fáil — Cóid aitheanta eile (e.g.: CUSIP, Bloomberg Ticker, Reuters RIC) — Cód atá sannta ag an ngnóthas, nuair nach mbíonn na roghanna thuasluaite ar fáil. Ní mór don chód sin a bheith uathúil agus a bheith comhsheasmhach le himeacht ama. Nuair is gá an cód aitheantais Sócmhainne céanna a thuairisciú maidir le sócmhainn amháin a eisítear in dhá airgeadra dhifriúla nó níos mó, is gá an cód aitheantais Sócmhainne agus cód aibítre ISO 4217 an airgeadra a shonrú, mar atá sa sampla seo a leanas: “cód+EUR”

	MÍR	TREORACHA
C0460	Cineál Cóid Aitheantais Sócmhainne	Cineál Cóid Aitheantais a úsáidtear don mhír "Cód Aitheantais Sócmhainne". Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — ISO 6166 don chód ISIN 2 – CUSIP (uimhir an Choiste um Nósanna Imeachta Uilíocha um Shainaithint Urrús sannta ag Biúró Seirbhíse CUSIP do chuideachtaí ó na Stáit Aontaithe agus ó Cheanada) 3 — SEDOL (Liosta Oifigiúil Laethúil an Stocmhalartáin le haghaidh Stocmhalartán Londain) 4 — WKN (Wertpapier Kenn-Nummer, an uimhir aitheantais alfa-uimhriúil sa Ghearmáin) 5 — Bloomberg Ticker (cód litreacha Bloomberg lena sainaithnítear urrúis cuideachta) 6 — BBGID (Aitheantas Domhanda Bloomberg) 7 — Reuters RIC (Cód ionstraime Reuters) 8 — FIGI (Aitheantóir Domhanda Ionstraime Airgeadais) 9 — Cód eile le comhaltaí Chumann na nGníomhaireachtaí Náisiúnta um Shannadh Uimhreacha 99 — Cód sannta ag an ngnóthas Nuair is gá an Cód Aitheantais Sócmhainne céanna a thuairisciú maidir le sócmhainn amháin a eisítear in dhá airgeadra dhifriúla nó níos mó agus nuair a shainmhínítear an cód in C0450 leis an gCód Aitheantais Sócmhainne agus cód aibítre ISO 4217 an airgeadra, tagróidh an Cineál Cóid Aitheantais Sócmhainne do rogha 99 agus do rogha an Chóid Aitheantais Sócmhainne bunaidh, mar atá sa sampla seo a leanas arbh é cód ISIN + airgeadra an cód a tuairiscíodh ina leith: "99/1".
C0470	Iomlán	Is é seo an luach iomlán arna shealbhú le haghaidh gach leibhéil i ngach rannpháirtíocht nach institiúidí airgeadais agus creidmheasa iad agus a mheastar a bheith straitéiseach.
C0480	Cothromas Chineál 1	Is é seo luach chothromas chineál 1 arna shealbhú i ngach rannpháirtíocht nach institiúidí airgeadais agus creidmheasa iad agus a mheastar a bheith straitéiseach. Tá le cothromas chineál 1 an bhrí mar a shainmhínítear in Airteagal 168(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
C0490	Cothromas Chineál 2	Is é seo luach chothromas chineál 2 arna shealbhú i ngach rannpháirtíocht nach institiúidí airgeadais agus creidmheasa iad agus a mheastar a bheith straitéiseach. Tá le cothromas chineál 2 an bhrí mar a shainmhínítear in Airteagal 168(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
C0500	Dliteanais fho-ordaithe	Is é seo luach na ndliteanas fo-ordaithe arna shealbhú i ngach rannpháirtíocht nach institiúidí airgeadais agus creidmheasa iad agus a meastar iad a bheith straitéiseach.

Tábla 7 — Rannpháirtíochtaí neamhstraitéiseacha eile nach bhfuil in institiúid airgeadais agus creidmheasa

C0510	Ainm an ghnóthais ghaolmhair	Is é seo ainm an ghnóthais ghaolmhair ina sealbhaítear an rannpháirtíocht. Is iad seo rannpháirtíochtaí nach bhfuil in institiúidí airgeadais agus creidmheasa agus nach meastar iad a bheith straitéiseach.

	MÍR	TREORACHA
C0520	Cód Aitheantais Sócmhainne	Cód aitheantais Sócmhainne ag úsáid na tosaíochta seo a leanas: — Cód ISO 6166 de chuid ISIN nuair a bhíonn sé ar fáil — Cóid aitheanta eile (e.g.: CUSIP, Bloomberg Ticker, Reuters RIC) — Cód atá sannta ag an ngnóthas, nuair nach mbíonn na roghanna thuasluaite ar fáil. Ní mór don chód sin a bheith uathúil agus a bheith comhsheasmhach le himeacht ama. Nuair is gá an cód aitheantais Sócmhainne céanna a thuairisciú maidir le sócmhainn amháin a eisítear in dhá airgeadra dhifriúla nó níos mó, is gá an cód aitheantais Sócmhainne agus cód aibítre ISO 4217 an airgeadra a shonrú, mar atá sa sampla seo a leanas: “cód+EUR”
C0530	Cineál Cóid Aitheantais Sócmhainne	Cineál Cóid Aitheantais a úsáidtear don mhír “Cód Aitheantais Sócmhainne”. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — ISO 6166 don chód ISIN 2 – CUSIP (uimhir an Choiste um Nósanna Imeachta Uilíocha um Shainaithint Urrús sannta ag Biúró Seirbhíse CUSIP do chuideachtaí ó na Stáit Aontaithe agus ó Cheanada) 3 — SEDOL (Liosta Oifigiúil Laethúil an Stocmhalartáin le haghaidh Stocmhalartán Londain) 4 — WKN (Wertpapier Kenn-Nummer, an uimhir aitheantais alfa-uimhriúil sa Ghearmáin) 5 — Bloomberg Ticker (cód litreacha Bloomberg lena sainaithnítear urrúis cuideachta) 6 — BBGID (Aitheantas Domhanda Bloomberg) 7 — Reuters RIC (Cód ionstraime Reuters) 8 — FIGI (Aitheantóir Domhanda Ionstraime Airgeadais) 9 — Cód eile le comhaltaí Chumann na nGníomhaireachtaí Náisiúnta um Shannadh Uimhreacha 99 — Cód sannta ag an ngnóthas Nuair is gá an Cód Aitheantais Sócmhainne céanna a thuairisciú maidir le sócmhainn amháin a eisítear in dhá airgeadra dhifriúla nó níos mó agus sainmhínítear an cód in C0520 leis an gCód Aitheantais Sócmhainne agus cód aibítre ISO 4217 an airgeadra, tagróidh an Cineál Cóid Aitheantais Sócmhainne do rogha 99 agus do rogha an Chóid Aitheantais Sócmhainne bunaidh, mar atá sa sampla seo a leanas arbh é cód ISIN + airgeadra an cód a tuairiscíodh ina leith: “99/1”.
C0540	Iomlán	Is é seo an luach iomlán arna shealbhú le haghaidh gach leibhéil i ngach rannpháirtíocht nach institiúidí airgeadais agus creidmheasa iad agus nach meastar a bheith straitéiseach.
C0550	Cothromas Chineál 1	Is é seo luach chothromas chineál 1 arna shealbhú i ngach rannpháirtíocht nach institiúidí airgeadais agus creidmheasa iad agus nach meastar a bheith straitéiseach. Tá le cothromas chineál 1 an bhrí mar a shainmhínítear in Airteagal 168(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.

	MÍR	TREORACHA
C0560	Cothromas Chineál 2	Is é seo luach chothromas chineál 2 arna shealbhú i ngach rannpháirtíocht nach institiúidí airgeadais agus creidmheasa iad agus nach meastar a bheith straitéiseach. Tá le cothromas chineál 2 an bhrí mar a shainmhínítear in Airteagal 168(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
C0570	Dliteanais fho-ordaithe	Is é seo luach na ndliteanas fo-ordaithe arna shealbhú i ngach rannpháirtíocht nach institiúidí airgeadais agus creidmheasa iad agus nach meastar a bheith straitéiseach.
Iomlán le haghaidh ríomh SCR		
R0040/C0580	Rannpháirtíochtaí iomlána i ngnóthais ghaolmhara arb institiúidí airgeadais agus creidmheasa iad – Iomlán	Is é seo luach iomlán na rannpháirtíochtaí i ngnóthais arb institiúidí airgeadais agus creidmheasa iad.
R0040/C0590	Rannpháirtíochtaí iomlána i ngnóthais ghaolmhara arb institiúidí airgeadais agus creidmheasa iad – Cothromas Chineál 1	Is é seo luach iomlán Chothromas Chineál 1 de rannpháirtíochtaí i ngnóthais arb institiúidí airgeadais agus creidmheasa iad. Tá le cothromas chineál 1 an bhrí mar a shainmhínítear in Airteagal 168(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
R0040/C0600	Rannpháirtíochtaí iomlána i ngnóthais ghaolmhara arb institiúidí airgeadais agus creidmheasa iad – Cothromas Chineál 2	Is é seo luach iomlán Chothromas Chineál 2 de rannpháirtíochtaí i ngnóthais arb institiúidí airgeadais agus creidmheasa iad. Tá le cothromas chineál 2 an bhrí mar a shainmhínítear in Airteagal 168(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
R0040/C0610	Rannpháirtíochtaí iomlána i ngnóthais ghaolmhara arb institiúidí airgeadais agus creidmheasa iad – Dliteanais fho-ordaithe	Is é seo luach iomlán na ndliteanas fo-ordaithe de rannpháirtíochtaí i ngnóthais arb institiúidí airgeadais agus creidmheasa iad.
R0050/C0580	Rannpháirtíochtaí iomlána i ngnóthais ghaolmhara arb institiúidí airgeadais agus creidmheasa iad atá straitéiseach (modh 1 nó faoi bhun 10 % lasmuigh de mhodh 1 — Oomlán	Is é seo luach iomlán na rannpháirtíochtaí straitéiseacha i ngnóthais (modh 1 nó faoi bhun 10 % lasmuigh de mhodh 1) arb institiúidí airgeadais agus creidmheasa iad.
R0050/C0590	Rannpháirtíochtaí iomlána i ngnóthais ghaolmhara arb institiúidí airgeadais agus creidmheasa iad atá straitéiseach (modh 1 nó faoi bhun 10 % lasmuigh de mhodh 1) — Cothromas Chineál 1	Is é seo luach iomlán Chothromas Chineál 1 de rannpháirtíochtaí straitéiseacha i ngnóthais (modh 1 nó faoi bhun 10 % lasmuigh de mhodh 1) arb institiúidí airgeadais agus creidmheasa iad. Tá le cothromas chineál 1 an bhrí mar a shainmhínítear in Airteagal 168(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
R0050/C0600	Rannpháirtíochtaí iomlána i ngnóthais ghaolmhara arb institiúidí airgeadais agus creidmheasa iad atá straitéiseach (modh 1 nó faoi bhun 10 % lasmuigh de mhodh 1) — Cothromas Chineál 2	Is é seo luach iomlán Chothromas Chineál 2 de rannpháirtíochtaí straitéiseacha i ngnóthais (modh 1 nó faoi bhun 10 % lasmuigh de mhodh 1) arb institiúidí airgeadais agus creidmheasa iad. Tá le cothromas chineál 2 an bhrí mar a shainmhínítear in Airteagal 168(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.

	MÍR	TREORACHA
R0050/C0610	Rannpháirtíochtaí iomlána i ngnóthais ghaolmhara arb institiúidí airgeadais agus creidmheasa iad atá straitéiseach (modh 1 nó faoi bhun 10 % lasmuigh de mhodh 1) — Dliteanais fho-ordaithe	Is é seo luach iomlán na nDliteanas fo-ordaithe de rannpháirtíochtaí straitéiseacha i ngnóthais (modh 1 nó faoi bhun 10 % lasmuigh de mhodh 1) arb institiúidí airgeadais agus creidmheasa iad.
R0060/C0580	Rannpháirtíochtaí iomlána i ngnóthais ghaolmhara arb institiúidí airgeadais agus creidmheasa iad atá neamhstraitéiseach (faoi bhun 10 %) – Iomlán	Is é seo luach iomlán na rannpháirtíochtaí neamhstraitéiseacha i ngnóthais (faoi bhun 10 %) arb institiúidí airgeadais agus creidmheasa iad.
R0060/C0590	Rannpháirtíochtaí iomlána i ngnóthais ghaolmhara arb institiúidí airgeadais agus creidmheasa iad atá neamhstraitéiseach (faoi bhun 10 %) – Cothromas Chineál 1	Is é seo luach iomlán Chothromas Chineál 1 de rannpháirtíochtaí neamhstraitéiseacha i ngnóthais (faoi bhun 10 % — C0500) arb institiúidí airgeadais agus creidmheasa iad. Tá le cothromas chineál 1 an bhrí mar a shainmhínítear in Airteagal 168(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
R0060/C0600	Rannpháirtíochtaí iomlána i ngnóthais ghaolmhara arb institiúidí airgeadais agus creidmheasa iad atá neamhstraitéiseach (faoi bhun 10 %) – Cothromas Chineál 2	Is é seo luach iomlán Chothromas Chineál 2 de rannpháirtíochtaí neamhstraitéiseacha i ngnóthais (faoi bhun 10 %) arb institiúidí airgeadais agus creidmheasa iad. Tá le cothromas chineál 2 an bhrí mar a shainmhínítear in Airteagal 168(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
R0060/C0610	Rannpháirtíochtaí iomlána i ngnóthais ghaolmhara arb institiúidí airgeadais agus creidmheasa iad atá neamhstraitéiseach (faoi bhun 10 %) – Dliteanais fho-ordaithe	Is é seo luach iomlán na nDliteanas fo-ordaithe de rannpháirtíochtaí neamhstraitéiseacha i ngnóthais (faoi bhun 10 %) arb institiúidí airgeadais agus creidmheasa iad.
R0070/C0580	Rannpháirtíochtaí iomlána i ngnóthais ghaolmhara nach institiúidí airgeadais agus creidmheasa iad – Iomlán	Is é seo luach iomlán na rannpháirtíochtaí i ngnóthais nach institiúidí airgeadais agus creidmheasa iad. Is é seo suim C0470 agus C0540.
R0070/C0590	Rannpháirtíochtaí iomlána i ngnóthais ghaolmhara nach institiúidí airgeadais agus creidmheasa iad – Cothromas Chineál 1	Is é seo luach iomlán Chothromas Chineál 1 arna shealbhú i rannpháirtíochtaí i ngnóthais nach institiúidí airgeadais agus creidmheasa iad. Tá le cothromas chineál 1 an bhrí mar a shainmhínítear in Airteagal 168(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35. Is é seo suim C0480 agus C550.
R0070/C0600	Rannpháirtíochtaí iomlána i ngnóthais ghaolmhara nach institiúidí airgeadais agus creidmheasa iad – Cothromas Chineál 2	Is é seo luach iomlán Chothromas Chineál 2 arna shealbhú i rannpháirtíochtaí i ngnóthais nach institiúidí airgeadais agus creidmheasa iad. Tá le cothromas chineál 2 an bhrí mar a shainmhínítear in Airteagal 168(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35. Is é seo suim C0490 agus C0560)

	MÍR	TREORACHA
R0070/C0610	Rannpháirtíochtaí iomlána i ngnóthais ghaolmhara nach institiúidí airgeadais agus creidmheasa iad — Dliteanais fho-ordaithe	Is é seo luach iomlán na ndliteanas fo-ordaithe arna shealbhú i rannpháirtíochtaí i ngnóthais nach institiúidí airgeadais agus creidmheasa iad. Is é seo suim C0500 agus C0570.
R0080/C0580	Rannpháirtíochtaí iomlána i ngnóthais ghaolmhara nach institiúidí airgeadais agus creidmheasa iad — Iomlán – ar rannpháirtíochtaí straitéiseacha iad	Is é seo luach iomlán rannpháirtíochtaí straitéiseacha i ngnóthais nach institiúidí airgeadais agus creidmheasa iad. Is é seo suim C0470.
R0080/C0590	Rannpháirtíochtaí iomlána i ngnóthais ghaolmhara nach institiúidí airgeadais agus creidmheasa iad — Cothromas Chineál 1 — ar rannpháirtíochtaí straitéiseacha iad	Is é seo luach iomlán Chothromas Chineál 1 arna shealbhú i rannpháirtíochtaí straitéiseacha i ngnóthais nach institiúidí airgeadais agus creidmheasa iad. Tá le cothromas chineál 1 an bhrí mar a shainmhínítear in Airteagal 168(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35. Is é seo suim C0480.
R0080/C0600	Rannpháirtíochtaí iomlána i ngnóthais ghaolmhara nach institiúidí airgeadais agus creidmheasa iad — Cothromas Chineál 2 — ar rannpháirtíochtaí straitéiseacha iad	Is é seo luach iomlán Chothromas Chineál 2 arna shealbhú i rannpháirtíochtaí straitéiseacha i ngnóthais nach institiúidí airgeadais agus creidmheasa iad. Is é seo suim C0490).
R0080/C0610	Rannpháirtíochtaí iomlána i ngnóthais ghaolmhara nach institiúidí airgeadais agus creidmheasa iad — Dliteanais fho-ordaithe — ar rannpháirtíochtaí straitéiseacha iad	Is é seo luach iomlán na ndliteanas fo-ordaithe arna shealbhú i rannpháirtíochtaí straitéiseacha i ngnóthais nach institiúidí airgeadais agus creidmheasa iad. Is é seo suim C0500.
R0090/C0580	Rannpháirtíochtaí iomlána i ngnóthais ghaolmhara nach institiúidí airgeadais agus creidmheasa iad — iomlán — ar rannpháirtíochtaí neamhstraitéiseacha iad	Is é seo luach iomlán rannpháirtíochtaí neamhstraitéiseacha i ngnóthais nach institiúidí airgeadais agus creidmheasa iad. Is é seo suim C0540.
R0090/C0590	Rannpháirtíochtaí iomlána i ngnóthais ghaolmhara nach institiúidí airgeadais agus creidmheasa iad — Cothromas Chineál 1 — ar rannpháirtíochtaí neamhstraitéiseacha iad	Is é seo luach iomlán Chothromas Chineál 1 arna shealbhú i rannpháirtíochtaí neamhstraitéiseacha i ngnóthais nach institiúidí airgeadais agus creidmheasa iad. Tá le cothromas chineál 1 an bhrí mar a shainmhínítear in Airteagal 168(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35. Is é seo suim C0550.
R0090/C0600	Rannpháirtíochtaí iomlána i ngnóthais ghaolmhara nach institiúidí airgeadais agus creidmheasa iad — Cothromas Chineál 2 — ar rannpháirtíochtaí neamhstraitéiseacha iad	Is é seo luach iomlán Chothromas Chineál 2 arna shealbhú i rannpháirtíochtaí neamhstraitéiseacha i ngnóthais nach institiúidí airgeadais agus creidmheasa iad. Is é seo suim C0560.

	MÍR	TREORACHA
R0090/C0610	Rannpháirtíochtaí iomlána i ngnóthais ghaolmhara nach institiúidí airgeadais agus creidmheasa iad — Dliteanais fho-ordaithe— ar rannpháirtíochtaí neamhstraitéiseacha iad	Is é seo luach iomlán na ndliteanas fo-ordaithe arna shealbhú i rannpháirtíochtaí neamhstraitéiseacha i ngnóthais nach institiúidí airgeadais agus creidmheasa iad. Is é seo suim C0570.
Iomlán		
C0620	Iomlán na rannpháirtíochtaí uile	Is é seo luach iomlán na rannpháirtíochtaí uile.

S.25.01 — Ceanglas um Chaipiteal Sócmhainneachta — le haghaidh gnóthais ar an bhFoirmle Chaighdeánach

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh eintitis aonair, cistí imfhálaithe, punanna coigeartaithe meaitseála agus le haghaidh an chuid atá fágtha.

Is gá teimpléad SR.25.01 a líonadh isteach le haghaidh gach ciste imfhálaithe (RFF), gach punainne coigeartaithe meaitseála (MAP) agus le haghaidh an chuid atá fágtha. I gcás ina mbeidh MAP/RFF leabaithe in RFF/MAP, áfach, ba cheart caitheamh leis an gciste mar chistí éagsúla. Déanfar an teimpléad sin a thuairisciú le haghaidh na bhfochistí uile de RFF/MAP ábhartha mar a shainaithnítear sa dara tábla de theimpléad S.01.03.

I gcás ina mbeidh MAP nó RFF ag an eintiteas (seachas iad siúd faoi raon feidhme Airteagal 304 de Threoir 2009/138/CE), agus ina ndéanfar tuairisciú ar leibhéal an ghnóthais iomláin, is mar a leanas a ríomhfar an Ceanglas barúlach um Chaipiteal Sócmhainneachta ('nSCR') ar leibhéal modúil rioscaí agus an acmhainneacht ionsúcháin caillteanais (LAC) ag forálacha teicniúla agus cánacha iarchurtha atá le tuairisciú:

— I gcás ina gcuirfidh an gnóthas an coigeartú iomlán i bhfeidhm i ngeall ar chomhiomlánú nSCR de RFF/MAP ar leibhéal eintitis, déantar nSCR a ríomh mar shampla agus nach ann d'aon chaillteanas éagsúlaithe agus ríomhfar LAC mar shuim LAC ar fud RFF/MAP uile agus an chuid atá fágtha;

— I gcás ina gcuirfidh an gnóthas an simpliú i bhfeidhm ar leibhéal fomhodúil rioscaí chun nSCR de RFF/MAP ar leibhéal eintitis a chomhiomlánú, déantar nSCR a ríomh agus meas á dhéanamh ar mhodh ina ndéantar suimiú díreach ar leibhéal modúil, agus ríomhfar LAC mar shuim LAC ar fud RFF/MAP uile agus an chuid atá fágtha,

— I gcás ina gcuirfidh an gnóthas an simpliú i bhfeidhm ar leibhéal modúil rioscaí chun nSCR de RFF/MAP ar leibhéal eintitis a chomhiomlánú, déantar nSCR a ríomh agus breithniú á dhéanamh ar mhodh ina ndéantar suimiú díreach ar leibhéal modúil, agus ríomhfar LAC mar shuim LAC ar fud RFF/MAP agus an chuid atá fágtha uile.

Déanfar an coigeartú i ngeall ar chomhiomlánú nSCR de RFF/MAP ar leibhéal eintitis a leithdháileadh (C0050) ar na modúil riosca ábhartha (i.e. riosca margaidh, riosca mainneachtana frithpháirtí, riosca frithgheallta saoil, riosca frithgheallta san árachas sláinte agus riosca frithgheallta neamhshaoil). Ríomhfar an méid atá le leithdháileadh ar gach modúil riosca ábhartha mar a leanas:

— Calculation of q factor = $\frac{\text{adjustment}}{\text{BSCR}' - \text{nSCR}_{\text{int}}}$, i gcás inarb amhlaidh

  — *coigeartú* = Coigeartú arna ríomh de réir ceann de na trí mhodh dá dtagraítear thuas

  — *BSCR'* = Buncheanglas um chaipiteal sócmhainneachta arna ríomh de réir na faisnéise a thuairiscítear sa teimpléad seo (C0040/R0100)

  — $nSCR_{int}$ = nSCR le haghaidh riosca sócmhainní doláimhsithe de réir na faisnéise a thuairiscítear sa teimpléad seo (C0040/R0070)

— Iolrú na "tosca q" seo faoi nSCR gach modúil riosca ábhartha (i.e. riosca margaidh, riosca mainneachtana frithpháirtí, riosca frithgheallta saoil, riosca frithgheallta san árachas sláinte agus riosca frithgheallta neamhshaoil)

	MÍR	TREORACHA
Z0010	*Airteagal 112*	Sainaithnítear leis cé acu a iarradh nó nár iarradh na figiúirí tuairiscithe faoi Airteagal 112(7) de Threoir 2009/138/CE, chun meastachán ar SCR a sholáthar agus an fhoirmle chaighdeánach á húsáid. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Tuairisciú Airteagal 112(7) 2 — Tuairisciú tráthrialta
Z0020	Ciste imfhálaithe, punann coigeartaithe meaitseála nó an chuid atá fágtha	Sainaithnítear leis cibé acu a bhaineann na figiúirí a thuairiscítear le RFF, punann coigeartaithe meaitseála nó leis an gcuid atá fágtha. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — RFF/MAP 2 — An chuid atá fágtha
Z0030	Uimhir Chiste/Phunainne	I gcás ina bhfuil mír Z0020 = 1, uimhir aitheantais le haghaidh ciste imfhálaithe nó punann coigeartaithe meaitseála. Is é an gnóthas a shannann an uimhir sin agus ní mór di a bheith comhsheasmhach le himeacht ama agus leis an uimhir chiste/phunainne a thuairiscítear i dteimpléid eile.
R0010–R0050/C0030	Glancheanglas um chaipiteal sócmhainneachta	Méid an ghlanmhuirir caipitil le haghaidh gach modúil riosca, arna ríomh agus an fhoirmle chaighdeánach á húsáid. Is é an difríocht idir glan-SCR agus SCR comhlán é breithniú na sochar lánroghnach amach anseo i gcomhréir le hAirteagal 205 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35. Leis an méid sin, breithneofar go hiomlán éifeachtaí an éagsúlaithe i gcomhréir le hAirteagal 304 de Threoir 2009/138/CE, i gcás inarb infheidhme. Ní áirítear sna cealla sin leithdháileadh an choigeartaithe i ngeall ar chomhiomlánú nSCR de RFF/MAP ar leibhéal eintitis. Léiríonn na figiúirí sin SCR mar shampla agus nárbh ann d'aon chaillteanas éagsúlaithe.
R0010–R0050/C0040	Ceanglas comhlán um chaipiteal sócmhainneachta	Méid an mhuirir chaipitil chomhláin le haghaidh gach modúl rioscaí, arna ríomh agus an fhoirmle chaighdeánach á húsáid. Is é an difríocht idir glan-SCR agus SCR comhlán é breithniú na sochar lánroghnach amach anseo mar a leagtar síos in Airteagal 206 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35. Leis an méid sin, breithneofar go hiomlán iarmhairtí an éagsúlaithe mar a leagtar síos in Airteagal 304 de Threoir 2009/138/CE i gcás inarb infheidhme. Ní áirítear sna cealla sin leithdháileadh an choigeartaithe i ngeall ar chomhiomlánú nSCR de RFF/MAP ar leibhéal eintitis. Léiríonn na figiúirí sin SCR mar shampla agus nárbh ann d'aon chaillteanas éagsúlaithe.
R0010–R0050/C0050	Coigeartú RFF a leithdháileadh i ngeall ar RFF agus punanna coigeartaithe meaitseála	Cuid den choigeartú a leithdháiltear ar gach modúl riosca de réir an nós imeachta ar a dtugtar tuairisc sna barúlacha ginearálta. Beidh an méid sin deimhneach.

	MÍR	TREORACHA
R0060/C0030	Glancheanglas um chaipiteal sócmhainneachta - Éagsúlú	Méid éifeachtaí an éagsúlaithe idir SCR bunúsach na modúl glanrioscaí, lena n-áirítear an t-éagsúlú laistigh de gach modúl rioscaí, i ngeall ar chur i bhfeidhm na maitríse comhghaoil a shainmhínítear in Iarscríbhinn IV de Threoir 2009/138/CE. Déanfar an méid sin a thuairisciú mar luach diúltach.
R0060/C0040	Ceanglas comhlán um chaipiteal sócmhainneachta - an tÉagsúlú	Méid éifeachtaí an éagsúlaithe idir SCR bunúsach na modúl rioscaí comhlán, lena n-áirítear an t-éagsúlú laistigh de gach modúl rioscaí, i ngeall ar chur i bhfeidhm na maitríse comhghaoil a shainmhínítear in Iarscríbhinn IV de Threoir 2009/138/CE. Déanfar an méid sin a thuairisciú mar luach diúltach.
R0070/C0030	Glancheanglas um chaipiteal sócmhainneachta - Riosca sócmhainne doláimhsithe	Méid an mhuirir caipitil, i ndiaidh an choigeartaithe i leith acmhainn ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla, le haghaidh riosca sócmhainní doláimhsithe, arna ríomh agus an fhoirmle chaighdeánach á húsáid.
R0070/C0040	Ceanglas comhlán um chaipiteal sócmhainneachta - Riosca sócmhainní doláimhsithe	Na sochair lánroghnacha todhchaí i gcomhréir le hAirteagal 205 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 le haghaidh riosca sócmhainní doláimhsithe, is é nialas atá iontu faoin bhfoirmle chaighdeánach; mar sin tá R0070/C0040 cothrom le R0070/C0030.
R0100/C0030	Glancheanglas um chaipiteal sócmhainneachta — Buncheanglas um Chaipiteal Sócmhainneachta	Méid na mbuncheanglas caipitil, i ndiaidh bhreithniú na sochar lánroghnach amach anseo mar a leagtar síos in Airteagal 206 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, arna ríomh agus an fhoirmle chaighdeánach á húsáid. Leis an méid sin, breithneofar go hiomlán iarmhairtí an éagsúlaithe dá dtagraítear in Airteagal 304 de Threoir 2009/138/CE i gcás inarb infheidhme. Ní áirítear leis an gcill sin leithdháileadh an choigeartaithe i ngeall ar chomhiomlánú nSCR de RFF/MAP ar leibhéal eintitis. Léiríonn na figiúirí sin SCR mar shampla agus nárbh ann d'aon chaillteanas éagsúlaithe. Ríomhfar an méid sin mar shuim de na glanmhuirir chaipitil le haghaidh gach modúil rioscaí laistigh den fhoirmle chaighdeánach, lena n-áirítear coigeartú le haghaidh éifeacht an éagsúlaithe laistigh den fhoirmle chaighdeánach.
R0100/C0040	Ceanglas comhlán um chaipiteal sócmhainneachta — Ceanglas Bunúsach um Chaipitil Sócmhainneachta	Méid na mbuncheanglas caipitil, roimh bhreithniú na sochar lánroghnach amach anseo dá dtagraítear in Airteagal 205 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, arna ríomh agus an fhoirmle chaighdeánach á húsáid. Leis an méid sin, breithneofar go hiomlán iarmhairtí an éagsúlaithe mar a leagtar síos in Airteagal 304 de Threoir 2009/138/CE i gcás inarb infheidhme. Ní áirítear leis an gcill sin leithdháileadh an choigeartaithe i ngeall ar chomhiomlánú nSCR de RFF/MAP ar leibhéal eintitis. Léiríonn na figiúirí sin SCR mar shampla agus nárbh ann d'aon chaillteanas éagsúlaithe. Ríomhfar an méid sin mar shuim de na muirir chaipitil chomhlána le haghaidh gach modúl rioscaí laistigh den fhoirmle chaighdeánach, lena n-áirítear coigeartú le haghaidh éifeacht an éagsúlaithe laistigh den fhoirmle chaighdeánach

	MÍR	TREORACHA
An Ceanglas um Chaipiteal Sócmhainneachta a Ríomh		
R0120/C0100	Coigeartú i ngeall ar chomhiomlánú nSCR RFF/MAP	Coigeartú chun an claonadh ar ríomh SCR a cheartú, ar claonadh i ngeall ar chomhiomlánú nSCR RFF/MAP ar leibhéal modúil rioscaí atá ann. Beidh an méid sin deimhneach.
R0130/C0100	Priacal oibriúcháin	Méid na gceanglas caipitil le haghaidh mhodúl riosca oibriúcháin mar a ríomhtar agus an fhoirmle chaighdeánach á húsáid.
R0140/C0100	Acmhainn ionsúcháin caillteanais ag forálacha teicniúla	Méid an choigeartaithe le haghaidh acmhainn ionsúcháin caillteanais ag forálacha teicniúla arna ríomh i gcomhréir leis an bhfoirmle chaighdeánach. Déanfar an méid sin a thuairisciú mar luach diúltach. Ar leibhéal RFF/MAP agus ar leibhéal eintitis i gcás nach bhfuil aon RFF (seachas iad siúd faoi Airteagal 304 de Threoir 2009/138/CE) ná MAP ann, is é atá ann an t-uasmhéid idir nialas agus an méid a chomhfhreagraíonn don íosmhéid idir an méid forálacha teicniúla gan corrlach riosca i ndáil le sochair lánroghnacha amach anseo glan ó athárachas agus an difríocht idir an buncheanglas comhlán um chaipiteal sócmhainneachta agus an glan-bhuncheanglas um chaipiteal sócmhainneachta. I gcás ina mbeidh RFF (seachas iad siúd faoi Airteagal 304 de Threoir 2009/138/CE) nó MAP ann, ríomhfar an méid sin mar shuim acmhainneacht ionsúcháin caillteanais fhorálacha teicniúla gach RFF/MAP agus an chuid atá fágtha, agus na glansochair lánroghnacha amach anseo á gcur san áireamh mar uasteorainn.
R0150/C0100	Acmhainn ionsúcháin caillteanais ag cánacha iarchurtha	Méid an choigeartaithe le haghaidh acmhainn ionsúcháin caillteanais cánacha iarchurtha arna ríomh de réir na foirmle caighdeánaí. Beidh an méid sin diúltach.
R0160/C0100	Ceanglas caipitil le haghaidh gnó arna oibriú i gcomhréir le hAirt. 4 de Threoir 2003/41/CE	Méid an cheanglais caipitil, arna ríomh i gcomhréir leis na rialacha a shonraítear in Airteagal 17 de Threoir 2003/41/CE, le haghaidh cistí imfhálaithe a bhaineann le gnó pinsin arna oibriú faoi airteagal 4 de Threoir 2003/41/CE a gcuirtear bearta idirthréimhseacha i bhfeidhm ina leith. Níl an mhír sin le tuairisciú ach amháin le linn na hidirthréimhse.
R0200/C0100	An Ceanglas um chaipiteal sócmhainneachta gan forlíontán caipitil a áireamh	Méid SCR éagsúlaithe iomlán roimh aon fhorlíontán caipitil.
R0210/C0100	Forlíontáin chaipitil atá socraithe cheana féin	Méid an fhorlíontáin chaipitil arna socrú ag NSA faoin dáta tagartha tuairiscithe. Ní áirítear leis forlíontáin chaipitil arna socrú idir an dáta sin agus an tráth a chuirtear na sonraí faoi bhráid an údaráis maoirseachta.
R0211/C0100	de sin, forlíontáin chaipitil atá socraithe cheana féin – Airteagal 37 (1) Cineál a	Méid an fhorlíontáin caipitil arna shocrú ag NSA i gcomhréir le hAirteagal 37(1), mír (a), faoin dáta tagartha maidir le tuairisciú. Ní áirítear leis forlíontáin chaipitil arna socrú idir an dáta sin agus an tráth a chuirtear na sonraí faoi bhráid an údaráis maoirseachta.
R0212/C0100	de sin, forlíontáin chaipitil atá socraithe cheana féin - Airteagal 37 (1) Cineál b	Méid an fhorlíontáin caipitil arna shocrú ag NSA i gcomhréir le hAirteagal 37(1), mír (b), faoin dáta tagartha maidir le tuairisciú. Ní áirítear leis forlíontáin chaipitil arna socrú idir an dáta sin agus an tráth a chuirtear na sonraí faoi bhráid an údaráis maoirseachta.

	MÍR	TREORACHA
R0213/C0100	de sin, forlíontáin chaipitil atá socraithe cheana féin - Airteagal 37 (1) Cineál c	Méid an fhorlíontáin caipitil arna shocrú ag NSA i gcomhréir le hAirteagal 37(1), mír (c), faoin dáta tagartha maidir le tuairisciú. Ní áirítear leis forlíontáin chaipitil arna socrú idir an dáta sin agus an tráth a chuirtear na sonraí faoi bhráid an údaráis maoirseachta.
R0214/C0100	de sin, forlíontáin chaipitil atá socraithe cheana féin - Airteagal 37 (1) Cineál d	Méid an fhorlíontáin caipitil arna shocrú ag NSA i gcomhréir le hAirteagal 37(1), mír (d), faoin dáta tagartha maidir le tuairisciú. Ní áirítear leis forlíontáin chaipitil arna socrú idir an dáta sin agus an tráth a chuirtear na sonraí faoi bhráid an údaráis maoirseachta.
R0220/C0100	An ceanglas um chaipiteal sócmhainneachta	Méid an Cheanglais um Chaipiteal Sócmhainneachta.
Faisnéis eile faoi SCR		
R0400/C0100	Ceanglas caipitil le haghaidh fhomhodúl rioscaí cothromais atá bunaithe ar an bhfad ama	Méid an cheanglais chaipitil le haghaidh fhomhodúl rioscaí cothromais atá bunaithe ar an bhfad ama.
R0410/C0100	Méid iomlán na gCeanglas barúlach um Chaipitil Sócmhainneachta le haghaidh na coda atá fágtha	Méid SCRanna barúlacha (nSCRanna) den chuid atá fágtha i gcás ina mbeidh RFF ag gnóthas.
R0420/C0100	Méid iomlán na gCeanglas barúlach maidir le Caipiteal Sócmhainneachta le haghaidh cistí imfhálaithe	Méid shuim SCRanna barúlacha de na cistí imfhálaithe uile i gcás ina mbeidh RFF ag gnóthas (seachas iad siúd a bhaineann le gnó arna oibriú i gcomhréir le hAirteagal 4 de Threoir 2003/41/CE (idirthréimhseach)).
R0430/C0100	Méid iomlán na gCeanglas Barúlach um Chaipitil Sócmhainneachta le haghaidh punanna coigeartaithe meaitseála	Méid shuim SCRanna barúlacha de na punanna coigeartaithe meaitseála uile.
R0440/C0100	Éifeachtaí an éagsúlaithe i ngeall ar chomhiomlánú RFF nSCR le haghaidh Airteagal 304	Méid an choigeartaithe le haghaidh éifeacht an éagsúlaithe idir cistí imfhálaithe ("RFF") faoi Airteagal 304 de Threoir 2009/138/CE agus an chuid atá fágtha i gcás inarb infheidhme.
R0450/C0100	Modh a úsáidtear chun an coigeartú a ríomh ar coigeartú é atá i ngeall ar chomhiomlánú RFF/MAP nSCR	Modh a úsáidtear chun an coigeartú a ríomh ar coigeartú é atá i ngeall ar chomhiomlánú RFF nSCR. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Athríomh iomlán 2 — Simpliú ar leibhéal fomhodúil riosca 3 — Simpliú ar leibhéal riosca modúil 4 — Gan aon choigeartú I gcás nach mbeidh aon RFF ag an ngnóthas (nó nach mbeidh ach RFF faoi Airteagal 304 de Threoir 2009/138/CE) ag an ngnóthas, roghnóidh sé rogha 4.
R0460/C0100	Glansochair lánroghnacha amach anseo	Méid forálacha teicniúla gan corrlach riosca i ndáil le sochair lánroghnacha amach anseo glan ar athárachas.
Cur chuige i leith ráta cánach		
R0590/C0109	Cur chuige bunaithe ar mheánráta cánach	Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – Úsáidfear 2 – Ní úsáidfear

	MÍR	TREORACHA
		3 – Ní hinfheidhme toisc nach n-úsáidtear an coigeartú le haghaidh na hacmhainne ionsúcháin caillteanais ag cánacha iarchurtha (LAC DT) (níl feidhm ag R0600 go R0690 sa chás seo) Féach Treoirlínte ÚEAPC maidir le hacmhainn ionsúcháin caillteanais ag forálacha teicniúla agus cánacha iarchurtha (ÚEAPC-BoS-14/177)

Ríomh an choigeartaithe i leith acmhainn ionsúcháin caillteanais cánacha iarchurtha

R0600/C0110	DTA Roimh an turraing	Méid iomlán na sócmhainní cánach iarchurtha (DTA) sa chlár comhardaithe ina n-úsáidtear luacháil Shócmhainneacht II roimh an gcaillteanas meandrach a dtugtar tuairisc air in Airteagal 207(1) agus (2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35. Beidh méid DTA de chuid na cille seo comhsheasmhach leis an luach i gceall R0040/C0010 in S.02.01
R0600/C0120	DTA Tar éis na turrainge	Méid iomlán na sócmhainní cánach iarchurtha (DTA) má bunaíodh clár comhardaithe ina n-úsáidtear luacháil Shócmhainneacht II tar éis an chaillteanais mheandraigh, dá ndéantar foráil in Airteagal 207(1) agus (2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35. Fágfar an chill seo folamh i gcás ina gcuirtear "1-Tá" in R0590/C0109.
R0610/C0110	Tabhairt ar aghaidh DTA – Roimh an turraing	Méid na sócmhainní cánach iarchurtha (DTA) sa chlár comhardaithe ina n-úsáidtear luacháil Shócmhainneacht II de bharr tabhairt ar aghaidh caillteanas nó liúntas cánach roimhe sin roimh an gcaillteanas meandrach a dtugtar tuairisc air in Airteagal 207(1) agus (2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
R0610/C0120	Tabhairt ar aghaidh DTA – Tar éis na turrainge	Méid na sócmhainní cánach iarchurtha (DTA) de bharr tabhairt ar aghaidh caillteanas nó liúntas cánach roimhe sin má bunaíodh clár comhardaithe ina n-úsáidtear luacháil Shócmhainneacht II tar éis an chaillteanais mheandraigh, dá ndéantar foráil in Airteagal 207(1) agus (2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35. Fágfar an chill seo folamh i gcás ina gcuirtear "1-Tá" in R0590/C0109.
R0620/C0110	DTA de bharr difríochtaí sealadacha in-asbhainte – Roimh an turraing	Méid na sócmhainní cánach iarchurtha (DTA) sa chlár comhardaithe ina n-úsáidtear luacháil Shócmhainneacht II de bharr difríochtaí idir luacháil Shócmhainneacht II de chuid sócmhainne nó dliteanais agus a bonn nó a bhonn cánach roimh an gcaillteanas meandrach a dtugtar tuairisc air in Airteagal 207(1) agus (2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35
R0620/C0120	DTA de bharr difríochtaí sealadacha in-asbhainte – Tar éis na turrainge	Méid na sócmhainní cánach iarchurtha (DTA) de bharr difríochtaí idir luacháil Shócmhainneacht II de chuid sócmhainne nó dliteanais agus a bonn nó a bhonn cánach má bunaíodh clár comhardaithe ina n-úsáidtear luacháil Shócmhainneacht II tar éis an chaillteanais mheandraigh, dá ndéantar foráil in Airteagal 207(1) agus (2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35. Fágfar an chill seo folamh i gcás ina gcuirtear "1-Tá" in R0590/C0109.
R0630/C0110	DTL — Roimh an turraing	Méid na nDliteanas Cánach Iarchurtha (DTL) sa chlár comhardaithe ina n-úsáidtear luacháil Shócmhainneacht II roimh an gcaillteanas meandrach a dtugtar tuairisc air in Airteagal 207(1) agus (2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35. Beidh méid DTL de chuid na cille seo comhsheasmhach leis an luach i gceall R0780/C0010 in S.02.01.

	MÍR	TREORACHA
R0630/C0120	DTL — Tar éis na turrainge	Méid na nDliteanas Cánach Iarchurtha (DTL) má bunaíodh clár comhardaithe ina n-úsáidtear luacháil Shócmhainneacht II tar éis an chaillteanais mheandraigh, dá ndéantar foráil in Airteagal 207(1) agus (2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35. Fágfar an chill seo folamh i gcás cur chuige meánráta cánach agus i gcás ina gcuirtear "1-Tá" in R0590/C0109.
R0640/C0130	LAC DT	Méid na hacmhainne ionsúcháin caillteanais ag cánacha iarchurtha, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 207 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35. Beidh méid LAC na cille sin mar an gcéanna leis an luach i gcill R0150/C0100 in S.25.01.01.
R0650/C0130	Údar le LAC DT tugtha i ngeall ar aisiompú na ndliteanas cánach iarchurtha	Méid na hacmhainne ionsúcháin caillteanais ag cánacha iarchurtha, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 207 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, agus údar leis tugtha i ngeall ar aisiompú na ndliteanas cánach iarchurtha
R0660/C0130	Údar le LAC DT tugtha faoi threoir bhrabús eacnamaíoch inchánach is dócha a bheidh ann amach anseo	Méid na hacmhainne ionsúcháin caillteanais ag cánacha iarchurtha, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 207 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, agus údar leis tugtha faoi threoir brabús eacnamaíoch inchánach is dócha a bheidh ann amach anseo
R0670/C0130	Údar le LAC DT tugtha i ngeall ar thabhairt ar ais, sa bhliain reatha	Méid na hacmhainne ionsúcháin caillteanais ag cánacha iarchurtha, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 207 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, agus údar leis tugtha i ngeall ar bhrabúis ó bhlianta a bhí ann roimhe. Méid na gcaillteanas arna leithdháileadh ar an mbliain dár gcionn.
R0680/C0130	Údar le LAC DT tugtha i ngeall ar thabhairt ar ais, blianta amach anseo	Méid na hacmhainne ionsúcháin caillteanais ag cánacha iarchurtha, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 207 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, agus údar leis tugtha i ngeall ar bhrabúis ó bhlianta a bhí ann roimhe. Méid na gcaillteanas arna leithdháileadh ar na blianta tar éis na bliana dár gcionn.
R0690/C0130	LAC DT uasta	Méid uasta na hacmhainne ionsúcháin caillteanais ag cánacha iarchurtha a d'fhéadfadh a bheith ar fáil, roimh an measúnú ar cé acu is féidir nó nach féidir an méadú ar ghlansócmhainní cánach iarchurtha a úsáid chun críocha an choigeartaithe, dá ndéantar foráil in Airteagal 207(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.

S.25.05 – Ceanglas um Chaipiteal Sócmhainneachta - le haghaidh gnóthais a úsáideann samhail inmheánach (páirteach nó iomlán)

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh eintitis aonair, cistí imfhálaithe, punanna coigeartaithe meaitseála agus le haghaidh an chuid atá fágtha i gcás ina n-úsáidtear samhail inmheánach chun an Ceanglas um Chaipiteal Sócmhainneachta a ríomh.

Tuairisceofar an teimpléad seo bunaithe ar an infhaighteacht sonraí de réir ailtireacht na samhla inmheánaí agus na próifíle riosca i gcás inar féidir le hiarracht réasúnach. Na sonraí a bheidh le tuairisciú, comhaontófar iad idir údaráis mhaoirseachta náisiúnta agus gnóthais árachais agus athárachais.

Is é cuspóir an teimpléid seo sonraí a bhailiú ar leibhéal comhiomlán agus tairbhí an éagsúlaithe a thaispeáint idir modúil rioscaí ar leithligh. Ba cheart gach luach roimh aon iarmhairt cánach a thuairisciú mura sonraítear a mhalairt.

Samhlacha inmheánacha páirteacha:

Tagraíonn gach sraith le haghaidh C0010 do mhéid an mhuirir caipitil le haghaidh gach comhpháirte gan beann ar an modh ríomha (foirmle chaighdeánach nó samhail inmheánach pháirteach), tar éis na gcoigeartuithe le haghaidh acmhainn ionsúcháin caillteanais ag foráil theicniúil agus/nó cánacha iarchurtha i gcás ina mbeidh siad leabaithe i ríomh na comhpháirte.

I gcás na gcomhpháirteanna Acmhainn ionsúcháin caillteanais ag forálacha teicniúla agus/nó cánacha iarchurtha i gcás ina dtuairisceofar iad mar chomhpháirt ar leithligh, ba cheart gurbh éard a bheidh ann méid na hacmhainne ionsúcháin caillteanais (ba cheart na méideanna sin a thuairisciú mar luachanna diúltacha).

I gcás comhpháirteanna a ríomhtar agus an fhoirmle chaighdeánach á húsáid, is é nSCR comhlán atá sa chill sin. I gcás comhpháirteanna a ríomhtar agus an tsamhail inmheánach pháirteach á úsáid, is é sin an luach agus na gníomhaíochtaí bainistíochta amach anseo i leith na gcomhpháirteanna á mbreithniú mar nithe atá leabaithe sa ríomh, ach nach luach é a bhfuil a x á samhaltú mar chomhpháirt ar leithligh.

Leis na méideanna sin, breithneofar go hiomlán éifeachtaí an éagsúlaithe de réir Airteagal 304 de Threoir 2009/138/CE, i gcás inarb infheidhme.

I gcás inarb infheidhme, ní áirítear sna cealla sin leithdháileadh an choigeartaithe i ngeall ar chomhiomlánú nSCR de RFF/MAP ar leibhéal eintitis.

Tuairisceofar teimpléad SR.25.05 de réir ciste imfhálaithe, punann coigeartaithe meaitseála agus an chuid atá fágtha le haghaidh gach gnóthas faoi shamhail inmheánach. I gcás samhlacha inmheánacha páirteacha, áirítear leis sin gnóthais ina gcuirtear samhail inmheánach pháirteach i bhfeidhm maidir le ciste imfhálaithe agus/nó punann coigeartaithe meaitseála iomlán agus ina bhfuil na cistí imfhálaithe agus/nó na punanna coigeartaithe meaitseála eile faoin bhfoirmle chaighdeánach. Ba cheart an teimpléad sin a thuairisciú le haghaidh na bhfochistí uile de RFF/MAP ábhartha mar a shainaithnítear sa dara tábla de S.01.03.

I gcás na ngnóthas sin, arb amhlaidh faoi shamhail inmheánach pháirteach gurb infheidhme an coigeartú i ngeall ar chomhiomlánú nSCR de RFF/MAP maidir leis, i gcás ina mbeidh MAP nó RFF ag an eintiteas (seachas iad siúd faoi raon feidhme Airteagal 304 de Threoir 2009/138/CE), nuair atáthar ag tuairisciú ar leibhéal an ghnóthais iomláin, déanfar nSCR ar leibhéal modúil rioscaí agus an acmhainn ionsúcháin caillteanais (LAC) ag forálacha teicniúla agus cánacha iarchurtha atá le tuairisciú, a ríomh mar a leanas:

— I gcás ina gcuirfidh an gnóthas an coigeartú iomlán i bhfeidhm i ngeall ar chomhiomlánú nSCR de RFF/MAP ar leibhéal eintitis: déantar nSCR a ríomh mar shampla agus nach ann d'aon RFF agus ríomhfar LAC mar shuim LAC ar fud gach RFF/MAP agus na coda atá fágtha,

— I gcás ina gcuirfidh an gnóthas an Simpliú i bhfeidhm ag leibhéal fomhodúil rioscaí chun nSCR de RFF/MAP ar leibhéal eintitis a chomhiomlánú, ríomhtar nSCR agus LAC agus suimiú díreach á bhreithniú ag modh leibhéal an fhomhodúil,

— I gcás ina gcuirfidh an gnóthas an Simpliú i bhfeidhm ag leibhéal fomhodúil rioscaí chun nSCR de RFF/MAP ar leibhéal eintitis a chomhiomlánú, ríomhtar nSCR agus LAC agus suimiú díreach á bhreithniú ag modh leibhéal an mhodúil.

Déanfar an coigeartú i ngeall ar chomhiomlánú nSCR de RFF/MAP ar leibhéal eintitis a leithdháileadh (C0050) ar na modúil riosca ábhartha (i.e. riosca margaidh, riosca mainneachtana frithpháirtí, riosca frithgheallta saoil, riosca frithgheallta san árachas sláinte agus riosca frithgheallta neamhshaoil) nuair a ríomhtar iad de réir na foirmle caighdeánaí. Ríomhfar an méid atá le leithdháileadh ar gach modúil riosca ábhartha mar a leanas:

— Ríomh "thoisc q" $= \frac{adjustment}{BSCR' - nSCR_{int}}$, i gcás inarb amhlaidh gurb é

  — *adjustment* = Coigeartú arna ríomh de réir ceann de na trí mhodh dá dtagraítear thuas

  — *BSCR′* = Buncheanglas um chaipiteal sócmhainneachta arna ríomh de réir na faisnéise a thuairiscítear sa teimpléad seo

  — $nSCR_{int}$ = nSCR le haghaidh riosca sócmhainní doláimhsithe de réir na faisnéise a thuairiscítear sa teimpléad seo

— Iolrú na "tosca q" seo faoi nSCR gach modúil riosca ábhartha (i.e. riosca margaidh, riosca mainneachtana frithpháirtí, riosca frithgheallta saoil, riosca frithgheallta san árachas sláinte agus riosca frithgheallta neamhshaoil)

Samhlacha inmheánacha iomlána:

Is gá teimpléad SR.25.05 a líonadh isteach le haghaidh gach ciste imfhálaithe (RFF), gach punainne coigeartaithe meaitseála (MAP) agus le haghaidh an chuid atá fágtha le haghaidh gach gnóthais faoi shamhail inmheánach iomlán. I gcás ina mbeidh MAP/RFF leabaithe in RFF/MAP, áfach, ba cheart caitheamh leis an gciste mar chistí éagsúla. Ba cheart an teimpléad sin a thuairisciú le haghaidh na bhfochistí uile de RFF/MAP ábhartha mar a shainaithnítear sa dara tábla de S.01.03.

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
Comhiomlánú		
Z0020	Ciste imfhálaithe, punann coigeartaithe meaitseála nó an chuid atá fágtha	Sainaithnítear leis cibé acu a bhaineann na figiúirí a thuairiscítear le RFF, punann coigeartaithe meaitseála nó leis an gcuid atá fágtha. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — RFF/MAP 2 — An chuid atá fágtha
Z0030	Uimhir Chiste/Phunainne	I gcás ina bhfuil mír Z0020 = 1, uimhir aitheantais le haghaidh ciste imfhálaithe nó punann coigeartaithe meaitseála. Is é an gnóthas a shannann an uimhir sin agus ní mór di a bheith comhsheasmhach le himeacht ama agus leis an uimhir chiste/phunainne a thuairiscítear i dteimpléid eile. I gcás ina bhfuil mír Z0020 = 2, tuairiscigh "0"
C0010/R0020	Éagsúlú iomlán	Méid éifeachtaí an éagsúlaithe idir modúil rioscaí. Ba cheart an méid sin a thuairisciú mar luach diúltach.
C0010/R0030	Riosca éagsúlaithe iomlán roimh cháin	An méid muirear caipitil éagsúlaithe roimh cháin. Mar an gcéanna le S.26.08.01 C0010/R0030.
C0010/R0040	Riosca éagsúlaithe iomlán tar éis cánach	An méid muirear caipitil éagsúlaithe tar éis cánach. Mar an gcéanna le S.26.08.01 C0010/R0040.
C0010/R0070	Riosca margaidh & creidmheasa iomlán	Suim na luachanna faoi seach a leanas ó C0020 de S.26.09.01: — Riosca an ráta úis arna éagsúlú (R0050) — Riosca boilscithe (R0080) — Riosca gnáthscaireanna arna éagsúlú (R0100) — Riosca réadmhaoine (R0130) — Riosca airgeadra (R0140) — Suim an riosca creidmheasa (R0150) Mar an gcéanna le S.26.08.01 C0010/R0070.
C0010/R0080	Riosca Margaidh & Creidmheasa – éagsúlaithe	Mar an gcéanna le S.26.08.01 C0010/R0080.
C0010/R0190	Riosca teagmhais chreidmheasa nach gcumhdaítear i riosca margaidh & creidmheasa	Mar an gcéanna le S.26.08.01 C0010/R0190.
C0010/R0200	Riosca teagmhais chreidmheasa nach gcumhdaítear i riosca margaidh & creidmheasa - éagsúlaithe	Mar an gcéanna le S.26.08.01 C0010/R0200.
C0010/R0270	Riosca gnó iomlán	Mar an gcéanna le S.26.08.01 C0010/R0270.
C0010/R0280	Riosca Gnó iomlán - éagsúlaithe	Mar an gcéanna le S.26.08.01 C0010/R0280.
C0010/R0310	Glanriosca frithgheallta Neamhshaoil Iomlán	Mar an gcéanna le S.26.08.01 C0010/R0310.

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
C0010/R0320	Glanriosca frithgheallta Neamhshaoil iomlán - éagsúlaithe	Mar an gcéanna le S.26.08.01 C0010/R0320.
C0010/R0400	Riosca frithgheallta Saoil & Sláinte Iomlán	Mar an gcéanna le S.26.08.01 C0010/R0400.
C0010/R0410	Riosca frithgheallta Saoil & Sláinte iomlán - éagsúlaithe	Mar an gcéanna le S.26.08.01 C0010/R0410.
C0010/R0480	Riosca Oibriúcháin Iomlán	Mar an gcéanna le S.26.08.01 C0010/R0480.
C0010/R0490	Riosca Oibriúcháin iomlán - éagsúlaithe	Mar an gcéanna le S.26.08.01 C0010/R0490.
C0010/R0500	Riosca eile	Mar an gcéanna le S.26.08.01 C0010/R0500.
C0050/R0020-R0530	Leithdháileadh ó choigeartuithe i ngeall ar RFF agus punanna coigeartaithe meaitseála	I gcás inarb infheidhme, cuid den choigeartú a leithdháiltear ar gach modúl riosca de réir an nós imeachta ar a dtugtar tuairisc sna barúlacha ginearálta. Beidh an méid sin deimhneach.
C0060/R0020-R0530	Breithniú na ngníomhaíochtaí bainistíochta amach anseo maidir le forálacha teicniúla agus/nó cánacha iarchurtha	Chun a shainaithint an bhfuil na gníomhaíochtaí bainistíochta amach anseo a bhaineann le hacmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla agus/nó cánacha iarchurtha leabaithe sa ríomh, úsáidfear an liosta iata roghanna seo a leanas: 1 – Gníomhaíochtaí bainistíochta amach anseo maidir le hacmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla atá leabaithe sa chomhpháirt 2 – Gníomhaíochtaí bainistíochta amach anseo maidir le hacmhainneacht ionsúcháin caillteanais cánacha iarchurtha atá leabaithe sa chomhpháirt 3 – Gníomhaíochtaí bainistíochta amach anseo maidir le hacmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla agus cánacha iarchurtha atá leabaithe sa chomhpháirt 4 – Gan breithniú leabaithe ar ghníomhaíochtaí bainistíochta amach anseo.
C0070/R0020-R0530	Méid arna shamhaltú	I gcás gach comhpháirte, léirítear leis an gcill sin an méid arna ríomh de réir na samhla inmheánaí páirtí.
R0110/C0100	Comhpháirteanna neamhéagsúlaithe iomlána	Suim na gcomhpháirteanna uile.
R0060/C0100	An tÉagsúlú	Méid iomlán an éagsúlaithe i measc comhpháirteanna arna dtuairisciú in C0030. Ní áirítear leis an méid sin iarmhairtí an éagsúlaithe laistigh de gach comhpháirt, a dhéanfar a leabú sna luachanna arna dtuairisciú in C0030. Ba cheart an méid sin a thuairisciú mar luach diúltach.

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
R0120/C0100	Coigeartú i ngeall ar chomhiomlánú nSCR RFF/MAP	I gcás inarb infheidhme, coigeartú chun an claonadh ar ríomh SCR a cheartú, ar claonadh i ngeall ar chomhiomlánú nSCR RFF/MAP ar leibhéal modúil rioscaí atá ann. Is infheidhme i gcás samhlacha inmheánacha páirteacha amháin.
R0160/C0100	Ceanglas caipitil le haghaidh gnó arna oibriú i gcomhréir le hAirt. 4 de Threoir 2003/41/CE	Méid an cheanglais caipitil, arna ríomh de réir na rialacha a shonraítear in Airt. 17 de Threoir 2003/41/CE, le haghaidh cistí imfhálaithe a bhaineann le gnó pinsin arna oibriú faoi Airt. 4 de Threoir 2003/41/CE a gcuirtear bearta idirthréimhseacha i bhfeidhm ina leith. Níl an ítim sin le tuairisciú ach amháin le linn na hidirthréimhse.
R0200/C0100	An ceanglas um chaipiteal sócmhainneachta, gan forlíontáin chaipitil a áireamh	Méid SCR éagsúlaithe iomlán roimh aon fhorlíontán caipitil.
R0330/C0070	Dearbhluach i ndiaidh turrainge — Dliteanais (roimh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla) — Riosca caiteachais leighis maidir le míchumas sláinte/galracht — laghdú ar íocaíochtaí leighis	Is é sin dearbhluach na ndliteanas (roimh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla) atá foluiteach leis an muirear riosca caiteachais leighis maidir le míchumas sláinte/galracht — laghdú ar íocaíochtaí leighis, i ndiaidh na turrainge (i.e. mar a fhorordaítear leis an bhfoirmle chaighdeánach) mar a úsáidtear chun an riosca a ríomh. Beidh an méid Forálacha teicniúla glan ó mhéideanna in-aisghabhála athárachais agus MSC. Má tá R0030/C0010 = 1, ní líonfar isteach an ró seo.
R0330/C0080	Dearbhluach i ndiaidh turrainge — Ceanglas comhlán um chaipiteal sócmhainneachta — Riosca caiteachais leighis maidir le míchumas sláinte/galracht — méadú ar íocaíochtaí leighis	Is é sin an muirear caipitil comhlán (roimh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla) le haghaidh riosca caiteachais leighis maidir le míchumas sláinte/galracht — laghdú ar íocaíochtaí leighis. Má tá R0030/C0010 = 1, ní líonfar isteach an ró seo.
R0340/C0020	Dearbhluachanna tosaigh roimh thurraing — Sócmhainní — Riosca míchumais/galrachta maidir le cosaint ioncaim	Is é sin dearbhluach na sócmhainní atá íogair ó thaobh an riosca míchumais/galrachta maidir le cosaint ioncaim, roimh an turraing. Ní áireofar sa chill seo méideanna in-aisghabhála ó athárachas agus MSCanna.

	MÍR	TREORACHA
R0340/C0030	Dearbhluachanna tosaigh roimh thurraing — Dliteanais — Riosca míchumais/galrachta maidir le cosaint ioncaim	Is é sin dearbhluach na ndliteanas atá íogair ó thaobh an mhuirir riosca míchumais/galrachta maidir le cosaint ioncaim, roimh an turraing. Beidh an méid Forálacha teicniúla glan ó mhéideanna in-aisghabhála athárachais agus MSC.
R0340/C0040	Dearbhluachanna i ndiaidh turrainge — Sócmhainní — Riosca míchumais/galrachta maidir le cosaint ioncaim	Is é sin dearbhluach na sócmhainní atá íogair ó thaobh an mhuirir riosca míchumais/galrachta maidir le cosaint ioncaim, i ndiaidh na turrainge (i.e. mar a fhorordaítear leis an bhfoirmle chaighdeánach). Ní áireofar sa chill seo méideanna in-aisghabhála ó athárachas agus MSCanna.
R0340/C0050	Dearbhluachanna i ndiaidh turrainge — Dliteanais (i ndiaidh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla) — Riosca míchumais/galrachta maidir le cosaint ioncaim	Is é sin dearbhluach na ndliteanas (i ndiaidh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla) atá íogair ó thaobh an riosca míchumais/galrachta maidir le cosaint ioncaim, i ndiaidh na turrainge (i.e. mar a fhorordaítear leis an bhfoirmle chaighdeánach). Beidh an méid Forálacha teicniúla glan ó mhéideanna in-aisghabhála athárachais agus MSC.
R0340/C0060	Dearbhluach i ndiaidh turrainge — Glancheanglas um chaipiteal sócmhainneachta — Riosca míchumais sláinte/galrachta maidir le cosaint ioncaim	Is é sin an glanmhuirear caipitil le haghaidh riosca míchumais sláinte/galrachta maidir le cosaint ioncaim, i ndiaidh an choigeartaithe i leith acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla. Má tá R0030/C0010 = 1, léirítear leis an mír sin an glanmhuirear caipitil le haghaidh riosca míchumais/galrachta maidir le cosaint ioncaim arna ríomh agus simplithe á n-úsáid.
R0340/C0070	Dearbhluach i ndiaidh turrainge — Dliteanais (roimh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla) — Riosca míchumais/galrachta maidir le cosaint ioncaim	Is é sin dearbhluach na ndliteanas (roimh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla) atá foluiteach leis an muirear riosca míchumais/galrachta maidir le cosaint ioncaim, i ndiaidh na turrainge (i.e. mar a fhorordaítear leis an bhfoirmle chaighdeánach) mar a úsáidtear chun an riosca a ríomh. Beidh an méid Forálacha teicniúla glan ó mhéideanna in-aisghabhála athárachais agus MSC.
R0340/C0080	Dearbhluach i ndiaidh turrainge — Ceanglas comhlán um chaipiteal sócmhainneachta — Riosca míchumais/galrachta maidir le cosaint ioncaim	Is é sin an muirear caipitil comhlán (roimh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla) le haghaidh riosca míchumais/galrachta maidir le cosaint ioncaim Má tá R0030/C0010 = 1, léirítear leis an mír sin an muirear caipitil comhlán le haghaidh riosca míchumais/galrachta maidir le cosaint ioncaim arna ríomh agus simplithe á n-úsáid.
R0400/C0060	Dearbhluach i ndiaidh turrainge — Glancheanglas um chaipiteal sócmhainneachta — Riosca dul i léig in árachas sláinte SLT	Is é sin an glanmhuirear caipitil foriomlán le haghaidh riosca dul i léig in árachas sláinte SLT dá dtagraítear i dTeideal I GCaibidil V Roinn 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, i ndiaidh an choigeartaithe i leith acmhainn ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla
R0400/C0080	Dearbhluach i ndiaidh turrainge — Ceanglas comhlán um chaipiteal sócmhainneachta — Riosca dul i léig in árachas sláinte SLT	Is é sin an muirear caipitil comhlán foriomlán (roimh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla) le haghaidh riosca dul i léig in árachas sláinte SLT dá dtagraítear in dTeideal I GCaibidil V Roinn 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.

	MÍR	TREORACHA
R0410/C0020	Dearbhluachanna tosaigh roimh thurraing — Sócmhainní — Riosca dul i léig in árachas sláinte SLT — riosca an mhéadaithe ar dhul i léig	Is é sin dearbhluach na sócmhainní atá íogair ó thaobh riosca an mhéadaithe ar rátaí dul i léig, roimh an turraing. Ní áireofar sa chill seo méideanna in-aisghabhála ó athárachas agus MSCanna.
R0410/C0030	Dearbhluachanna tosaigh roimh thurraing — Dliteanais — Riosca dul i léig in árachas sláinte SLT — riosca an mhéadaithe ar dhul i léig	Is é sin dearbhluach na ndliteanas atá íogair ó thaobh riosca an mhéadaithe ar rátaí dul i léig, roimh an turraing. Beidh an méid Forálacha teicniúla glan ó mhéideanna in-aisghabhála athárachais agus MSC.
R0410/C0040	Dearbhluachanna i ndiaidh turrainge — Sócmhainní — Riosca dul i léig in árachas sláinte SLT — riosca an mhéadaithe ar dhul i léig	Is é sin dearbhluach na sócmhainní atá íogair ó thaobh riosca an mhéadaithe ar rátaí dul i léig, i ndiaidh na turrainge (i.e. méadú buan ar rátaí dul i léig). Ní áireofar sa chill seo méideanna in-aisghabhála ó athárachas agus MSCanna.
R0410/C0050	Dearbhluachanna i ndiaidh turrainge — Dliteanais (i ndiaidh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla) — Riosca dul i léig in árachas sláinte SLT — riosca an mhéadaithe ar dhul i léig	Is é sin dearbhluach na ndliteanas (i ndiaidh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla) atá íogair ó thaobh an riosca go dtiocfaidh méadú ar rátaí dul i léig, i ndiaidh na turrainge (i.e. méadú buan ar rátaí dul i léig). Beidh an méid Forálacha teicniúla glan ó mhéideanna in-aisghabhála athárachais agus MSC.
R0410/C0060	Dearbhluach i ndiaidh turrainge — Glancheanglas um chaipiteal sócmhainneachta — Riosca dul i léig in árachas sláinte SLT — riosca an mhéadaithe ar dhul i léig	Is é sin an glanmhuirear caipitil le haghaidh an riosca go dtiocfaidh méadú buan ar rátaí dul i léig, i ndiaidh an choigeartaithe i leith acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla. Má tá R0050/C0010 = 1, léirítear leis an mír sin an glanmhuirear caipitil le haghaidh méadú buan ar rátaí dul i léig in árachas sláinte SLT dá dtagraítear i dTeideal I GCaibidil V Roinn 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, arna ríomh ag úsáid ríomh simplithe le haghaidh ráta dul i léig in árachas sláinte SLT.
R0410/C0070	Dearbhluach i ndiaidh turrainge — Dliteanais (roimh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla) — Riosca dul i léig in árachas sláinte SLT — riosca an mhéadaithe ar dhul i léig	Is é sin dearbhluach na ndliteanas (roimh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla) atá foluiteach leis an riosca go dtiocfaidh méadú buan ar rátaí dul i léig, i ndiaidh na turrainge (méadú buan ar rátaí dul i léig) mar a úsáidtear chun an riosca a ríomh. Beidh an méid Forálacha teicniúla glan ó mhéideanna in-aisghabhála athárachais agus MSC.
R0410/C0080	Dearbhluach i ndiaidh turrainge — Ceanglas comhlán um chaipiteal sócmhainneachta — Riosca dul i léig in árachas sláinte SLT — riosca an mhéadaithe ar dhul i léig	Is é sin an muirear caipitil comhlán (gan acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla a áireamh) le haghaidh an riosca go dtiocfaidh méadú buan ar rátaí dul i léig. Má tá R0050/C0010 = 1, léirítear leis an mír sin an muirear caipitil comhlán le haghaidh méadú buan ar rátaí dul i léig, arna ríomh ag úsáid an ríomha shimplithe le haghaidh ráta dul i léig in árachas sláinte SLT dá dtagraítear i dTeideal I GCaibidil V Roinn 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.

	MÍR	TREORACHA
R0420/C0020	Dearbhluachanna tosaigh roimh thurraing — Sócmhainní — Riosca dul i léig in árachas sláinte SLT — riosca an laghdaithe ar dhul i léig	Is é sin dearbhluach na sócmhainní atá íogair ó thaobh an riosca go dtiocfaidh laghdú buan ar rátaí dul i léig, roimh an turraing. Ní áireofar sa chill seo méideanna in-aisghabhála ó athárachas agus MSCanna.
R0420/C0030	Dearbhluachanna tosaigh roimh thurraing — Dliteanais — Riosca dul i léig in árachas sláinte SLT — riosca an laghdaithe ar dhul i léig	Is é sin dearbhluach na ndliteanas atá íogair ó thaobh an riosca go dtiocfaidh laghdú buan ar rátaí dul i léig, roimh an turraing. Beidh an méid Forálacha teicniúla glan ó mhéideanna in-aisghabhála athárachais agus MSC.
R0420/C0040	Dearbhluachanna i ndiaidh turrainge — Sócmhainní — Riosca dul i léig in árachas sláinte SLT — riosca an laghdaithe ar dhul i léig	Is é sin dearbhluach na sócmhainní atá íogair ó thaobh an riosca go dtiocfaidh laghdú buan ar rátaí dul i léig, i ndiaidh na turrainge (i.e. laghdú buan ar rátaí dul i léig). Ní áireofar sa chill seo méideanna in-aisghabhála ó athárachas agus MSCanna.
R0420/C0050	Dearbhluachanna i ndiaidh turrainge — Dliteanais (i ndiaidh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla) — Riosca dul i léig in árachas sláinte SLT — riosca an laghdaithe ar dhul i léig	Is é sin dearbhluach na ndliteanas (i ndiaidh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla) atá íogair ó thaobh an riosca go dtiocfaidh laghdú buan ar rátaí dul i léig, i ndiaidh na turrainge (i.e. laghdú buan ar rátaí dul i léig). Beidh an méid Forálacha teicniúla glan ó mhéideanna in-aisghabhála athárachais agus MSC.
R0420/C0060	Dearbhluach i ndiaidh turrainge — Glancheanglas um chaipiteal sócmhainneachta — Riosca dul i léig in árachas sláinte SLT — riosca an laghdaithe ar dhul i léig	Is é sin an glanmhuirear caipitil le haghaidh an riosca go dtiocfaidh laghdú buan ar rátaí dul i léig, i ndiaidh an choigeartaithe i leith acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla. Má tá R0050/C0010 = 1, léirítear leis an mír sin an glanmhuirear caipitil le haghaidh laghdú buan ar rátaí dul i léig in árachas sláinte SLT dá dtagraítear i dTeideal I GCaibidil V Roinn 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, arna ríomh ag úsáid ríomh simplithe le haghaidh ráta dul i léig in árachas sláinte SLT.
R0420/C0070	Dearbhluach i ndiaidh turrainge — Dliteanais (roimh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla) — Riosca dul i léig in árachas sláinte SLT — riosca an laghdaithe ar dhul i léig	Is é sin dearbhluach na ndliteanas (roimh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla) atá íogair ó thaobh an riosca go dtiocfaidh laghdú buan ar rátaí dul i léig, i ndiaidh na turrainge (laghdú buan ar rátaí dul i léig). Beidh an méid Forálacha teicniúla glan ó mhéideanna in-aisghabhála athárachais agus MSC.
R0420/C0080	Dearbhluach i ndiaidh turrainge — Ceanglas comhlán um chaipiteal sócmhainneachta — Riosca dul i léig in árachas sláinte SLT — riosca an laghdaithe ar dhul i léig	Is é sin an muirear caipitil comhlán (roimh acmhainn ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla) le haghaidh an riosca go dtiocfaidh laghdú buan ar rátaí dul i léig. Má tá R0050/C0010 = 1, léirítear leis an mír sin an muirear caipitil comhlán le haghaidh laghdú buan ar rátaí dul i léig in árachas sláinte SLT dá dtagraítear i dTeideal I GCaibidil V Roinn 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, arna ríomh agus an ríomh simplithe á úsáid le haghaidh ráta dul i léig in árachas sláinte SLT.

	MÍR	TREORACHA
R0430/C0020	Dearbhluachanna tosaigh roimh thurraing — Sócmhainní — Riosca dul i léig in árachas sláinte SLT — ollriosca dul i léig	Is é sin dearbhluach na sócmhainní atá íogair ó thaobh an ollriosca dul i léig, roimh an turraing. Ní áireofar sa chill seo méideanna in-aisghabhála ó athárachas agus MSCanna.
R0430/C0030	Dearbhluachanna tosaigh roimh thurraing — Dliteanais — Riosca dul i léig in árachas sláinte SLT — ollriosca dul i léig	Is é sin dearbhluach na ndliteanas atá íogair ó thaobh an ollriosca dul i léig, roimh an turraing. Beidh an méid Forálacha teicniúla glan ó mhéideanna in-aisghabhála athárachais agus MSC.
R0430/C0040	Dearbhluachanna i ndiaidh turrainge — Sócmhainní — Riosca dul i léig in árachas sláinte SLT — ollriosca dul i léig	Is é sin dearbhluach na sócmhainní atá íogair ó thaobh an ollriosca dul i léig, i ndiaidh na turrainge. Ní áireofar sa chill seo méideanna in-aisghabhála ó athárachas agus MSCanna.
R0430/C0050	Dearbhluachanna i ndiaidh turrainge — Dliteanais (i ndiaidh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla) — Riosca dul i léig in árachas sláinte SLT — ollriosca dul i léig	Is é sin dearbhluach na ndliteanas (i ndiaidh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla) atá íogair ó thaobh an ollriosca dul i léig, i ndiaidh na turrainge. Beidh an méid Forálacha teicniúla glan ó mhéideanna in-aisghabhála athárachais agus MSC.
R0430/C0060	Dearbhluach i ndiaidh turrainge — Glancheanglas um chaipiteal sócmhainneachta — Riosca dul i léig in árachas sláinte SLT — ollriosca dul i léig	Is é sin an glanmhuirear caipitil le haghaidh riosca dul i léig in árachas sláinte SLT — ollriosca dul i léig, i ndiaidh an choigeartaithe i leith acmhainn ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla.
R0430/C0070	Dearbhluach i ndiaidh turrainge — Dliteanais (i ndiaidh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla) — Riosca dul i léig san árachas sláinte — ollriosca dul i léig	Is é sin dearbhluach na ndliteanas (roimh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla) atá íogair ó thaobh an ollriosca dul i léig, i ndiaidh na turrainge. Beidh an méid Forálacha teicniúla glan ó mhéideanna in-aisghabhála athárachais agus MSC.
R0430/C0080	Dearbhluach i ndiaidh turrainge — Ceanglas comhlán um chaipiteal sócmhainneachta — Riosca dul i léig in árachas sláinte SLT — ollriosca dul i léig	Is é sin an muirear caipitil comhlán (gan acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla a áireamh) le haghaidh riosca dul i léig in árachas sláinte SLT — ollriosca dul i léig dá dtagraítear in dTeideal I GCaibidil V Roinn 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
R0500/C0020	Dearbhluachanna tosaigh roimh thurraing — Sócmhainní — Riosca costais san árachas sláinte	Is é sin dearbhluach na sócmhainní atá íogair ó thaobh an riosca costais, roimh an turraing. Ní áireofar sa chill seo méideanna in-aisghabhála ó athárachas agus MSCanna.

	MÍR	TREORACHA
R0500/C0030	Dearbhluachanna tosaigh roimh thurraing — Dliteanais — Riosca costais san árachas sláinte	Is é sin dearbhluach na ndliteanas atá íogair ó thaobh an riosca costais, roimh an turraing. Beidh an méid Forálacha teicniúla glan ó mhéideanna in-aisghabhála athárachais agus MSC.
R0500/C0040	Dearbhluachanna i ndiaidh turrainge — Sócmhainní — Riosca costais san árachas sláinte	Is é sin dearbhluach na sócmhainní atá íogair ó thaobh an riosca costais san árachas sláinte, i ndiaidh na turrainge. Ní áireofar sa chill seo méideanna in-aisghabhála ó athárachas agus MSCanna.
R0500/C0050	Dearbhluachanna i ndiaidh turrainge — Dliteanais (i ndiaidh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla) — Riosca costais san árachas sláinte	Is é sin dearbhluach na ndliteanas (i ndiaidh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla) atá braiteach ar an riosca costais san árachas sláinte, i ndiaidh na turrainge. Beidh an méid Forálacha teicniúla glan ó mhéideanna in-aisghabhála athárachais agus MSC.
R0500/C0060	Dearbhluach i ndiaidh turrainge — Glancheanglas um chaipiteal sócmhainneachta — Riosca costais san árachas sláinte	Is é sin an glanmhuirear caipitil le haghaidh riosca costais san árachas sláinte, i ndiaidh an choigeartaithe i leith acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla. Má tá R0060/C0010 = 1, léirítear leis an mír sin an glanmhuirear caipitil le haghaidh riosca costais san árachas sláinte arna ríomh agus ríomhanna simplithe á n-úsáid.
R0500/C0070	Dearbhluach i ndiaidh turrainge — Dliteanais (roimh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla) — Riosca costais san árachas sláinte	Is é sin dearbhluach na ndliteanas (roimh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla) atá íogair ó thaobh an mhuirir riosca costais san árachas sláinte, i ndiaidh na turrainge. Beidh an méid Forálacha teicniúla glan ó mhéideanna in-aisghabhála athárachais agus MSC.
R0500/C0080	Dearbhluach i ndiaidh turrainge — Ceanglas comhlán um chaipiteal sócmhainneachta — Riosca costais san árachas sláinte	Is é sin an muirear caipitil comhlán (gan acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla a áireamh) le haghaidh riosca costais san árachas sláinte. Má tá R0060/C0010 = 1, léirítear leis an mír sin an muirear caipitil comhlán le haghaidh riosca costais san árachas sláinte arna ríomh agus ríomhanna simplithe á n-úsáid.
R0600/C0020	Dearbhluachanna tosaigh roimh thurraing — Sócmhainní — Riosca athbhreithnithe san árachas sláinte	Is é sin dearbhluach na sócmhainní atá íogair ó thaobh an riosca athbhreithnithe san árachas sláinte, roimh an turraing. Ní áireofar sa chill seo méideanna in-aisghabhála ó athárachas agus MSCanna.
R0600/C0030	Dearbhluachanna tosaigh roimh thurraing — Dliteanais — Riosca athbhreithnithe san árachas sláinte	Is é sin dearbhluach na ndliteanas atá íogair ó thaobh an mhuirir riosca athbhreithnithe san árachas sláinte, roimh an turraing. Beidh an méid Forálacha teicniúla glan ó mhéideanna in-aisghabhála athárachais agus MSC.
R0600/C0040	Dearbhluachanna i ndiaidh turrainge — Sócmhainní — Riosca athbhreithnithe san árachas sláinte	Is é sin dearbhluach na sócmhainní atá íogair ó thaobh an riosca athbhreithnithe san árachas sláinte, i ndiaidh na turrainge. Ní áireofar sa chill seo méideanna in-aisghabhála ó athárachas agus MSCanna.
R0600/C0050	Dearbhluachanna i ndiaidh turrainge — Dliteanais (i ndiaidh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla) — Riosca athbhreithnithe san árachas sláinte	Is é sin dearbhluach na ndliteanas (i ndiaidh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla) atá íogair ó thaobh an riosca athbhreithnithe san árachas sláinte, i ndiaidh na turrainge. Beidh an méid Forálacha teicniúla glan ó mhéideanna in-aisghabhála athárachais agus MSC.

	MÍR	TREORACHA
R0600/C0060	Dearbhluach i ndiaidh turrainge — Glancheanglas um chaipiteal sócmhainneachta — Riosca athbhreithnithe san árachas sláinte	Is é sin an glanmhuirear caipitil le haghaidh riosca athbhreithnithe san árachas sláinte, i ndiaidh an choigeartaithe i leith acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla.
R0600/C0070	Dearbhluach i ndiaidh turrainge — Dliteanais (roimh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla) — Riosca athbhreithnithe san árachas sláinte	Is é sin dearbhluach na ndliteanas (roimh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla) atá íogair ó thaobh an mhuirir riosca athbhreithnithe san árachas sláinte, i ndiaidh na turrainge (i.e. mar a fhorordaítear leis an bhfoirmle chaighdeánach, méadú % ar an méid is iníoctha gach bliain le haghaidh blianachtaí atá nochta don riosca athbhreithnithe). Beidh an méid Forálacha teicniúla glan ó mhéideanna in-aisghabhála athárachais agus MSC.
R0600/C0080	Dearbhluach i ndiaidh turrainge — Ceanglas comhlán um chaipiteal sócmhainneachta — Riosca athbhreithnithe san árachas sláinte	Is é sin an muirear caipitil comhlán (roimh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla) le haghaidh riosca athbhreithnithe san árachas sláinte.
R0700/C0060	Éagsúlú laistigh den mhodúl riosca frithgheallta in árachas sláinte SLT — Glan	Is é sin éifeacht an éagsúlaithe laistigh den mhodúl riosca frithgheallta in árachas sláinte SLT dá dtagraítear i dTeideal I GCaibidil V Roinn 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, de thoradh chomhiomlánú ghlancheanglais chaipitil na bhfomhodúl riosca aonair (i ndiaidh an choigeartaithe i leith acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla). Tuairisceofar an t-éagsúlú mar luach diúltach má laghdaíonn sé ar an gceanglas caipitil.
R0700/C0080	Éagsúlú laistigh den mhodúl riosca frithgheallta in árachas sláinte SLT — Comhlán	Is é sin éifeacht an éagsúlaithe laistigh den mhodúl riosca frithgheallta in árachas sláinte SLT dá dtagraítear i dTeideal I GCaibidil V Roinn 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, de thoradh chomhiomlánú cheanglais chaipitil chomhlána na bhfomhodúl riosca aonair (roimh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla). Tuairisceofar an t-éagsúlú mar luach diúltach má laghdaíonn sé ar an gceanglas caipitil.
R0800/C0060	Glanchleanglas um chaipiteal sócmhainneachta — Riosca frithgheallta in árachas sláinte SLT	Is é sin an glanmhuirear caipitil iomlán le haghaidh riosca frithgheallta in árachas sláinte SLT dá dtagraítear in dTeideal I GCaibidil V Roinn 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, i ndiaidh an choigeartaithe i leith acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla.
R0800/C0080	Ceanglas comhlán um chaipiteal sócmhainneachta — Riosca frithgheallta in árachas sláinte SLT	Is é sin an muirear caipitil comhlán iomlán le haghaidh riosca frithgheallta in árachas sláinte SLT dá dtagraítear in dTeideal I GCaibidil V Roinn 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, roimh an gcoigeartú i leith acmhainn ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla.

Mionsonraí breise maidir le riosca athbhreithnithe

R0900/C0090	USP maidir le turraing athbhreithnithe	Turraing athbhreithnithe — paraiméadar a bhaineann go sonrach leis an ngnóthas arna ríomh ag an ngnóthas agus arna fhormheas ag an údarás maoirseachta. Ní thuairiscítear an mhír seo i gcás nach n-úsáidtear aon pharaiméadar a bhaineann go sonrach leis an ngnóthas.

	MÍR	TREORACHA
Riosca préimhe agus cúlchiste in árachas sláinte NSLT		
R1000–R1030/C0100	Diall caighdeánach le haghaidh riosca préimhe — USP	Is é seo an diall caighdeánach a bhaineann go sonrach leis an ngnóthas le haghaidh riosca préimhe i gcomhair gach réime gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, agus a athárachas comhréireach arna ríomh ag an ngnóthas agus arna fhormheas nó arna fhorordú ag an údarás maoirseachta. Ní thuairiscítear an mhír seo i gcás nach n-úsáidtear aon pharaiméadar a bhaineann go sonrach leis an ngnóthas.
R1000–R1030/C0110	Diall Caighdeánach USP chomhláin/ghlain	Sainaithin ar cuireadh diall caighdeánach USP i bhfeidhm go comhlán nó go glan. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — USP comhlán 2 — USP glan
R1000–R1030/C0120	Diall caighdeánach le haghaidh riosca préimhe — USP — Tosca le haghaidh athárachas neamhréireach	Is é sin an toisc choigeartaithe a bhaineann go sonrach leis an ngnóthas le haghaidh athárachas neamhréireach gach réime gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, lenar féidir le gnóthais an éifeacht mhaolaitheach riosca atá ag athárachas sáraithe caillteanais áirithe in aghaidh an riosca ("XL") a chur san áireamh — arna ríomh ag an ngnóthas agus arna formheas nó arna forordú ag an údarás maoirseachta. I gcás nach n-úsáidtear aon pharaiméadar a bhaineann go sonrach leis an ngnóthas, fágfar an chill seo bán.
R1000–R1030/C0130	Diall caighdeánach le haghaidh riosca cúlchiste — USP	Is é seo an diall caighdeánach a bhaineann go sonrach leis an ngnóthas le haghaidh riosca cúlchiste i gcomhair gach réime gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, agus a athárachas comhréireach arna ríomh ag an ngnóthas agus arna fhormheas nó arna fhorordú ag an údarás maoirseachta. Ní thuairiscítear an mhír seo i gcás nach n-úsáidtear aon pharaiméadar a bhaineann go sonrach leis an ngnóthas.
R1000–R1030/C0140	Tomhas toirte le haghaidh riosca préimhe agus cúlchiste — tomhas toirte le haghaidh riosca préimhe: Vprem	An tomhas toirte le haghaidh riosca préimhe le haghaidh gach réime gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, agus a athárachas comhréireach.
R1000–R1030/C0150	Tomhas toirte le haghaidh riosca préimhe agus cúlchiste — tomhas toirte le haghaidh riosca cúlchiste: Vres	An tomhas toirte le haghaidh riosca cúlchiste le haghaidh gach réime gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, agus a athárachas comhréireach.
R1000–R1030/C0160	Tomhas toirte le haghaidh riosca préimhe agus cúlchiste — Éagsúlú Geografach	Léirítear leis sin an t-éagsúlú geografach atá le húsáid le haghaidh an tomhais toirte i gcomhair riosca préimhe agus cúlchiste le haghaidh gach líne gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, agus a athárachas comhréireach. Mura ndéantar an toisc le haghaidh éagsúlú geografach a ríomh, socraítear an mhír sin ar luach réamhshocraithe 1.

	MÍR	TREORACHA
R1000–R1030/C0170	Tomhas toirte le haghaidh riosca préimhe agus cúlchiste — V	An tomhas toirte le haghaidh riosca préimhe agus cúlchiste in árachas sláinte NSLT dá dtagraítear i dTeideal I GCaibidil V Ranna 4 agus 12 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, le haghaidh gach líne gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, agus a athárachas comhréireach.
R1040/C0170	Tomhas toirte iomláine le haghaidh riosca préimhe agus cúlchiste	An tomhas toirte iomláine le haghaidh riosca préimhe agus cúlchiste, cothrom le suim na dtomhas toirte le haghaidh riosca préimhe agus cúlchiste i gcomhair gach réime gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
R1050/C0100	Diall caighdeánach comhcheangailte	Is é sin an diall caighdeánach comhcheangailte le haghaidh riosca préimhe agus cúlchiste le haghaidh gach deighleoige.
R1100/C0180	Ceanglas um chaipiteal sócmhainneachta — Riosca préimhe agus cúlchiste in árachas sláinte NSLT	Is é sin an muirear caipitil iomlán le haghaidh an fhomhodúil riosca préimhe agus cúlchiste in árachas sláinte NSLT dá dtagraítear i dTeideal I GCaibidil V Ranna 4 agus 12 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
R1200/C0190	Dearbhluachanna tosaigh roimh thurraing — Sócmhainní — Riosca dul i léig	Is é sin dearbhluach na sócmhainní atá íogair ó thaobh an riosca dul i léig in árachas sláinte NSLT dá dtagraítear in dTeideal I GCaibidil V Roinn 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, roimh an turraing. Ní áireofar sa chill seo méideanna in-aisghabhála ó athárachas agus MSCanna.
R1200/C0200	Dearbhluachanna tosaigh roimh thurraing — Dliteanais — Riosca dul i léig	Is é sin dearbhluach na ndliteanas atá braiteach ar an riosca dul i léig in árachas sláinte NSLT dá dtagraítear in dTeideal I GCaibidil V Roinn 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, roimh an turraing. Beidh an méid forálacha teicniúla glan ó mhéideanna in-aisghabhála athárachais agus MSC.
R1200/C0210	Dearbhluachanna i ndiaidh turrainge — Sócmhainní — Riosca dul i léig	Is é sin dearbhluach na sócmhainní atá braiteach ar an riosca dul i léig in árachas sláinte NSLT dá dtagraítear in dTeideal I GCaibidil V Roinn 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, i ndiaidh na turrainge. Ní áireofar sa chill seo méideanna in-aisghabhála ó athárachas agus MSCanna.
R1200/C0220	Dearbhluachanna i ndiaidh turrainge — Dliteanais — Riosca dul i léig	Is é sin dearbhluach na ndliteanas atá íogair ó thaobh an riosca dul i léig, i ndiaidh na turrainge. Beidh an méid Forálacha teicniúla glan ó mhéideanna in-aisghabhála athárachais agus MSC.
R1200/C0230	Dearbhluach i ndiaidh turrainge — Ceanglas um chaipiteal sócmhainneachta — Riosca dul i léig	Is é sin an muirear caipitil le haghaidh an riosca dul i léig in árachas sláinte NSLT dá dtagraítear in dTeideal I GCaibidil V Roinn 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
R1300/C0240	Éagsúlú laistigh den riosca frithgheallta in árachas sláinte NSLT — comhlán	Is é sin éifeacht an éagsúlaithe laistigh den fhomhodúl riosca frithgheallta in árachas sláinte SLT dá dtagraítear i dTeideal I GCaibidil V Roinn 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, de thoradh chomhiomlánú na gceanglas caipitil le haghaidh riosca préimhe agus cúlchiste in árachas sláinte NSLT agus riosca dul i léig in árachas sláinte NSLT. Tuairisceofar an t-éagsúlú mar luach diúltach má laghdaíonn sé ar an gceanglas caipitil.

	MÍR	TREORACHA
R1400/C0240	Ceanglas iomlán um chaipiteal sócmhainneachta le haghaidh frithghealladh in árachas sláinte NSLT	Is é sin an muirear caipitil iomlán le haghaidh an fhomhodúil riosca frithgheallta in árachas sláinte NSLT dá dtagraítear i dTeideal I GCaibidil V Roinn 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
Riosca tubaiste san árachas sláinte		
R1500/C0250	Glancheanglas um chaipiteal sócmhainneachta le haghaidh rioscaí tubaiste san árachas sláinte — Fomhodúl riosca olltimpiste	An glancheanglas um chaipiteal sócmhainneachta le haghaidh an fhomhodúil riosca olltimpiste arna ríomh i ndiaidh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla
R1500/C0260	Ceanglas comhlán um chaipiteal sócmhainneachta le haghaidh rioscaí tubaiste san árachas sláinte — Fomhodúl riosca olltimpiste	An ceanglas comhlán um chaipiteal sócmhainneachta le haghaidh an fhomhodúil riosca olltimpiste, arna ríomh roimh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla.
R1510/C0250	Glancheanglas um chaipiteal sócmhainneachta le haghaidh rioscaí tubaiste san árachas sláinte — Riosca maidir le comhchruinniú timpistí	An glancheanglas um chaipiteal sócmhainneachta le haghaidh an fhomhodúil riosca maidir le comhchruinniú timpistí, arna ríomh i ndiaidh acmhainn ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla.
R1510/C0260	Ceanglas comhlán um chaipiteal sócmhainneachta le haghaidh rioscaí tubaiste san árachas sláinte — Riosca maidir le comhchruinniú timpistí	An ceanglas comhlán um chaipiteal sócmhainneachta le haghaidh an fhomhodúil riosca maidir le comhchruinniú timpistí arna ríomh roimh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla.
R1520/C0250	Glancheanglas um chaipiteal sócmhainneachta le haghaidh rioscaí tubaiste san árachas sláinte — Riosca paindéime	An glancheanglas um chaipiteal sócmhainneachta le haghaidh an fhomhodúil riosca paindéime, arna ríomh i ndiaidh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla.
R1520/C0260	Ceanglas comhlán um chaipiteal sócmhainneachta le haghaidh rioscaí tubaiste san árachas sláinte — Riosca paindéime	Déantar an ceanglas comhlán um chaipiteal sócmhainneachta le haghaidh an fhomhodúil riosca paindéime a ríomh roimh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla.
R1530/C0250	Éagsúlú laistigh den riosca tubaiste san árachas sláinte — Glan	Is é sin éifeacht an éagsúlaithe laistigh den fhomhodúl riosca tubaiste sláinte de thoradh chomhiomlánú na gceanglas caipitil le haghaidh an riosca olltimpiste, an riosca maidir le comhchruinniú timpistí agus an riosca paindéime, arna ríomh i ndiaidh acmhainn ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla.
R1530/C0260	Éagsúlú laistigh den riosca tubaiste san árachas sláinte — Comhlán	Is é sin éifeacht an éagsúlaithe laistigh den fhomhodúl riosca tubaiste san árachas sláinte de thoradh chomhiomlánú na gceanglas caipitil le haghaidh an riosca olltubaiste, an riosca maidir le comhchruinniú tubaistí agus an riosca paindéime, arna ríomh i ndiaidh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla.
R1540/C0250	Glancheanglas iomlán um chaipiteal sócmhainneachta le haghaidh riosca tubaiste san árachas sláinte	Is é sin an glanmhuirear caipitil iomlán (i ndiaidh acmhainn ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla) le haghaidh an fhomhodúil riosca tubaiste sláinte.

	MÍR	TREORACHA
R1540/C0260	Ceanglas comhlán iomlán um chaipiteal sócmhainneachta le haghaidh riosca tubaiste san árachas sláinte	Is é sin an muirear caipitil comhlán iomlán le haghaidh an fhomhodúil riosca tubaiste sláinte (roimh acmhainn ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla).
Riosca frithgheallta iomlán san árachas sláinte		
R1600/C0270	Éagsúlú laistigh den mhodúl riosca frithgheallta san árachas sláinte — Glan	Is é sin éifeacht an éagsúlaithe laistigh den fhomhodúl riosca frithgheallta san árachas sláinte de thoradh chomhiomlánú cheanglais chaipitil an fhomhodúil riosca frithgheallta in árachas sláinte SLT, an fhomhodúil riosca frithgheallta in árachas sláinte NSLT agus an fhomhodúil riosca tubaiste san árachas sláinte, dá dtagraítear i dTeideal I GCaibidil V Roinn 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, arna ríomh i ndiaidh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla.
R1600/C0280	Éagsúlú laistigh den mhodúl riosca frithgheallta san árachas sláinte — Comhlán	Is é sin éifeacht an éagsúlaithe laistigh den fhomhodúl riosca frithgheallta san árachas sláinte de thoradh chomhiomlánú cheanglais chaipitil an fhomhodúil riosca frithgheallta in árachas sláinte SLT, an fhomhodúil riosca frithgheallta in árachas sláinte NSLT agus an fhomhodúil riosca tubaiste san árachas sláinte, dá dtagraítear i dTeideal I GCaibidil V Roinn 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, arna ríomh roimh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla.
R1700/C0270	Glancheanglas iomlán um chaipiteal sócmhainneachta le haghaidh riosca frithgheallta san árachas sláinte	Is é sin an glancheanglas iomlán um chaipiteal sócmhainneachta le haghaidh an mhodúil riosca frithgheallta san árachas sláinte.
R1700/C0280	Ceanglas comhlán um chaipiteal sócmhainneachta le haghaidh riosca frithgheallta san árachas sláinte	Is é sin an ceanglas comhlán iomlán um chaipiteal sócmhainneachta le haghaidh an mhodúil riosca frithgheallta san árachas sláinte.

S.26.05 — Ceanglas um Chaipiteal Sócmhainneachta — Riosca frithgheallta neamhshaoil

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh eintitis aonair, cistí imfhálaithe, punanna coigeartaithe meaitseála agus le haghaidh an chuid atá fágtha.

Is gá teimpléad SR.26.05.01 a líonadh isteach le haghaidh gach ciste imfhálaithe (RFF), gach punainne coigeartaithe meaitseála (MAP) agus le haghaidh an chuid atá fágtha. I gcás ina mbeidh MAP/RFF leabaithe in RFF/MAP, áfach, ba cheart caitheamh leis an gciste mar chistí éagsúla. Déanfar an teimpléad sin a thuairisciú le haghaidh na bhfochistí uile de RFF/MAP ábhartha mar a shainaithnítear sa dara tábla de S.01.03.

Déanfar gach luach a thuairisciú glan ó athárachas agus teicnící eile um maolú riosca.

Méideanna roimh thurraing agus ina diaidh, líonfar isteach iad leis an méid sócmhainní agus dliteanas atá íogair ó thaobh turraing sin. I gcás na ndliteanas, déanfar an measúnú ar an leibhéal is mionsonraithe atá ar fáil idir conradh agus grúpa riosca aonfhoirmeach. Ciallaíonn sé sin má bhíonn conradh/grúpa riosca aonfhoirmeach íogair ó thaobh na turrainge, déanfar an méid dliteanas atá bainteach leis an gconradh/ngrúpa riosca aonfhoirmeach sin a thuairisciú mar mhéid atá íogair ó thaobh na turrainge sin.

	MÍR	TREORACHA
Z0010	*Airteagal 112*	Sainaithnítear leis cé acu a iarradh nó nár iarradh na figiúirí tuairiscithe faoi Airteagal 112(7), chun meastachán ar SCR a sholáthar agus an fhoirmle chaighdeánach á húsáid. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Tuairisciú Airteagal 112(7) 2 — Tuairisciú tráthrialta

	MÍR	TREORACHA
Z0020	Ciste imfhálaithe, punann coigeartaithe meaitseála nó an chuid atá fágtha	Sainaithnítear leis cibé acu a bhaineann na figiúirí a thuairiscítear le RFF, punann coigeartaithe meaitseála nó leis an gcuid atá fágtha. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — RFF/MAP 2 — An chuid atá fágtha
Z0030	Uimhir Chiste/Phunainne	I gcás ina bhfuil mír Z0020 = 1, uimhir aitheantais le haghaidh ciste imfhálaithe nó punann coigeartaithe meaitseála. Is é an gnóthas a shannann an uimhir sin agus ní mór di a bheith comhsheasmhach le himeacht ama agus leis an uimhir chiste/phunainne a thuairiscítear i dteimpléid eile.
R0010/C0010	Simplithe gnóthas faoi gchuing — riosca préimhe agus cúlchiste neamhshaoil	Sainaithin cé acu a bhain nó nár bhain gnóthas faoi gchuing úsáid as simplithe chun riosca préimhe agus cúlchiste neamhshaoil a ríomh. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Úsáideadh simplithe 2 — Níor úsáideadh simplithe Má tá R0010/C0010 = 1, ní dhéanfar ach C0060, C0070 agus C0090 a líonadh isteach le haghaidh R0100 — R0230.
R0011/C0010	Úsáideadh simplithe — riosca dul i léig neamhshaoil	Sainaithin cé acu a bhain nó nár bhain gnóthas úsáid as simplithe chun riosca frithgheallta neamhshaoil a ríomh. Úsáidfear na roghanna seo a leanas: 1 – Simpliú chun críocha Airteagal 90a 9 – Níor úsáideadh simpliú

Riosca préimhe agus cúlchiste neamhshaoil

R0100–R0210/C0020	Diall caighdeánach le haghaidh riosca préimhe — Diall Caighdeánach USP	Is é seo an diall caighdeánach a bhaineann go sonrach leis an ngnóthas le haghaidh riosca préimhe i gcomhair gach deighleoige arna ríomh ag an ngnóthas agus arna fhormheas nó arna fhorordú ag an údarás maoirseachta. Ní thuairiscítear an mhír seo i gcás nach n-úsáidtear aon pharaiméadar a bhaineann go sonrach leis an ngnóthas.
R0100–R0210/C0030	Diall Caighdeánach USP chomhláin/ghlain	Sainaithin ar cuireadh diall caighdeánach USP i bhfeidhm go comhlán nó go glan. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — USP comhlán 2 — USP glan
R0100–R0210/C0040	Diall caighdeánach le haghaidh riosca préimhe — USP — Tosca le haghaidh athárachas neamhréireach	Is é seo an toisc choigeartaithe a bhaineann go sonrach leis an ngnóthas le haghaidh athárachas neamhréireach gach deighleoige lena dtugtar caoi do ghnóthais an éifeacht mhaolaitheach riosca atá ag athárachas sáraithe caillteanais áirithe in aghaidh an riosca a chur san áireamh — arna ríomh ag an ngnóthas agus arna fhormheas nó arna fhorordú ag an údarás maoirseachta. Ní thuairiscítear an mhír seo i gcás nach n-úsáidtear aon pharaiméadar a bhaineann go sonrach leis an ngnóthas.

	MÍR	TREORACHA
R0100–R0210/C0050	Diall caighdeánach le haghaidh riosca cúlchiste — USP	Is é seo an diall caighdeánach a bhaineann go sonrach leis an ngnóthas le haghaidh riosca cúlchiste i gcomhair gach deighleoige arna ríomh ag an ngnóthas agus arna fhormheas nó arna fhorordú ag an údarás maoirseachta. Ní thuairiscítear an mhír seo i gcás nach n-úsáidtear aon pharaiméadar a bhaineann go sonrach leis an ngnóthas.
R0100–R0210/C0060	Tomhas toirte le haghaidh riosca préimhe agus cúlchiste — tomhas toirte le haghaidh riosca préimhe: Vprem	An tomhas toirte le haghaidh riosca préimhe le haghaidh gach réime gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
R0100–R0210/C0070	Tomhas toirte le haghaidh riosca préimhe agus cúlchiste — tomhas toirte le haghaidh riosca cúlchiste: Vres	An tomhas toirte le haghaidh riosca cúlchiste le haghaidh gach deighleoige, cothrom leis an meastachán is fearr ar na forálacha le haghaidh éilimh gach deighleoige atá gan íoc, i ndiaidh an méid in-aisghabhála a asbhaint ó chonarthaí athárachais agus ó mheáin athárachais shainchuspóirigh.
R0100–R0210/C0080	Tomhas toirte le haghaidh riosca préimhe agus cúlchiste — Éagsúlú Geografach —	An t-éagsúlú geografach a úsáidtear le haghaidh thomhas toirte gach deighleoige. Mura ndéantar an toisc le haghaidh éagsúlú geografach a ríomh, socraítear an mhír sin ar luach réamhshocraithe 1.
R0100–R0210/C0090	Tomhas toirte le haghaidh riosca préimhe agus cúlchiste — V	An tomhas toirte le haghaidh riosca préimhe agus cúlchiste neamhshaoil le haghaidh gach deighleoige Má tá R0010/C0010 = 1, léireofar leis an mír sin an ceanglas caipitil le haghaidh riosca préimhe agus cúlchiste neamhshaoil i gcomhair deighleog áirithe arna ríomh agus úsáid á baint as simplithe.
R0220/C0090	Tomhas toirte iomláine le haghaidh riosca préimhe agus cúlchiste	An tomhas toirte iomláine le haghaidh riosca préimhe agus cúlchiste, cothrom le suim na dtomhas toirte le haghaidh riosca préimhe agus cúlchiste le haghaidh gach deighleoige.
R0230/C0020	Diall caighdeánach comhcheangailte	Is é sin an diall caighdeánach comhcheangailte le haghaidh riosca préimhe agus cúlchiste le haghaidh gach deighleoige.
R0300/C0100	Ceanglas iomlán um chaipiteal sócmhainneachta le haghaidh riosca préimhe agus cúlchiste neamhshaoil	Is é sin an muirear iomlán um chaipiteal sócmhainneachta le haghaidh an fhomhodúil riosca préimhe agus cúlchiste.

Riosca dul i léig neamhshaoil

R0400/C0110	Dearbhluachanna tosaigh roimh thurraing — Sócmhainní — Riosca frithgheallta neamhshaoil — Riosca dul i léig	Is é sin dearbhluach na sócmhainní atá íogair ó thaobh an riosca dul i léig neamhshaoil, roimh an turraing. Ní áireofar sa chill seo méideanna in-aisghabhála ó athárachas agus MSCanna.
R0400/C0120	Dearbhluachanna tosaigh roimh thurraing — Dliteanais — Riosca frithgheallta neamhshaoil — Riosca dul i léig	Is é sin dearbhluach na ndliteanas atá braiteach ar an riosca dul i léig neamhshaoil, roimh an turraing. Beidh an méid Forálacha teicniúla glan ó mhéideanna in-aisghabhála athárachais agus MSC.

	MÍR	TREORACHA
R0400/C0130	Dearbhluachanna i ndiaidh turrainge — Sócmhainní — Riosca frithgheallta neamhshaoil — Riosca dul i léig	Is é sin dearbhluach na sócmhainní atá braiteach ar an riosca dul i léig neamhshaoil, i ndiaidh na turrainge. Ní áireofar sa chill seo méideanna in-aisghabhála ó athárachas agus MSCanna.
R0400/C0140	Dearbhluachanna i ndiaidh turrainge — Dliteanais — Riosca frithgheallta neamhshaoil — Riosca dul i léig	Is é sin dearbhluach na ndliteanas atá braiteach ar an riosca dul i léig neamhshaoil, i ndiaidh na turrainge. Beidh an méid Forálacha teicniúla glan ó mhéideanna in-aisghabhála athárachais agus MSC.
R0400/C0150	Ceanglas um chaipiteal sócmhainneachta — Riosca frithgheallta neamhshaoil — Riosca dul i léig	Is é sin an muirear caipitil le haghaidh riosca frithgheallta dul i léig neamhshaoil.

Riosca tubaiste neamhshaoil

R0500/C0160	Ceanglas um chaipiteal sócmhainneachta le haghaidh riosca tubaiste neamhshaoil	Is é sin an ceanglas caipitil iomlán le haghaidh riosca tubaiste neamhshaoil.

Riosca frithgheallta neamhshaoil iomlán

R0600/C0160	Éagsúlú laistigh den mhodúl riosca frithgheallta neamhshaoil	Is é sin éifeacht an éagsúlaithe laistigh den mhodúl riosca margaidh de thoradh chomhiomlánú cheanglais chaipitil chomhlána na bhfomhodúl riosca aonair (roimh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla). Tuairisceofar an t-éagsúlú mar luach diúltach má laghdaíonn sé ar an gceanglas caipitil.
R0700/C0160	Ceanglas caipitil iomlán le haghaidh riosca frithgheallta neamhshaoil	Is é sin an ceanglas um chaipiteal sócmhainneachta le haghaidh an fhomhodúil riosca frithgheallta neamhshaoil.

S.26.06 — Ceanglais um Chaipiteal Sócmhainneachta — Riosca oibriúcháin

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh eintitis aonair, cistí imfhálaithe, punanna coigeartaithe meaitseála agus le haghaidh an chuid atá fágtha.

Is gá teimpléad SR.26.06.01 a líonadh isteach le haghaidh gach ciste imfhálaithe (RFF), gach punainne coigeartaithe meaitseála (MAP) agus le haghaidh an chuid atá fágtha. I gcás ina mbeidh MAP/RFF leabaithe in RFF/MAP, áfach, ba cheart caitheamh leis an gciste mar chistí éagsúla. Déanfar an teimpléad sin a thuairisciú le haghaidh na bhfochistí uile de RFF/MAP ábhartha mar a shainaithnítear sa dara tábla de S.01.03.

	MÍR	TREORACHA
Z0010	*Airteagal 112*	Sainaithnítear leis cé acu a iarradh nó nár iarradh na figiúirí tuairiscithe faoi Airteagal 112(7), chun meastachán ar SCR a sholáthar agus an fhoirmle chaighdeánach á húsáid. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Tuairisciú Airteagal 112(7) 2 — Tuairisciú tráthrialta

	MÍR	TREORACHA
Z0020	Ciste imfhálaithe, punann coigeartaithe meaitseála nó an chuid atá fágtha	Sainaithnítear leis cibé acu a bhaineann na figiúirí a thuairiscítear le RFF, punann coigeartaithe meaitseála nó leis an gcuid atá fágtha. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — RFF/MAP 2 — An chuid atá fágtha
Z0030	Uimhir Chiste/Phunainne	I gcás ina bhfuil mír Z0020 = 1, uimhir aitheantais le haghaidh ciste imfhálaithe nó punann coigeartaithe meaitseála. Is é an gnóthas a shannann an uimhir sin agus ní mór di a bheith comhsheasmhach le himeacht ama agus leis an uimhir chiste/phunainne a thuairiscítear i dteimpléid eile.
R0100/C0020	Forálacha teicniúla comhlána saoil (gan corrlach riosca a áireamh) (seachas iad siúd atá aonadnasctha nó innéacsnasctha)	Is iad sin forálacha teicniúla le haghaidh oibleagáidí árachais saoil, gan iad siúd atá aonadnasctha a áireamh. Chun na gcríoch sin, ní áireofar ar fhorálacha teicniúla an corrlach riosca, ná ní bhainfidh asbhaint méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais agus ó mheáin athárachais shainchuspóirigh leo.
R0110/C0020	Forálacha teicniúla comhlána saoil aonadnasctha (gan corrlach riosca a áireamh)	Is iad sin forálacha teicniúla le haghaidh oibleagáidí árachais saoil i gcás ina bhfuil an riosca infheistíochta ag na sealbhóirí polasaí. Chun na gcríoch sin, ní áireofar ar fhorálacha teicniúla an corrlach riosca, ná ní bhainfidh asbhaint méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais agus ó mheáin athárachais shainchuspóirigh leo.
R0120/C0020	Forálacha teicniúla comhlána neamhshaoil (gan corrlach riosca a áireamh)	Is iad sin forálacha teicniúla le haghaidh oibleagáidí árachais neamhshaoil. Chun na gcríoch sin, ní áireofar ar fhorálacha teicniúla an corrlach riosca, ná ní bhainfidh asbhaint méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais agus ó mheáin athárachais shainchuspóirigh leo.
R0130/C0020	Ceanglas caipitil maidir le riosca oibriúcháin bunaithe ar fhorálacha teicniúla	Is é sin an ceanglas caipitil maidir le riosca oibriúcháin bunaithe ar fhorálacha teicniúla.
R0200/C0020	Préimheanna comhlána saoil tuillte (an 12 mhí roimhe seo) (seachas iad siúd atá aonadnasctha nó innéacsnasctha)	Préimh a tuilleadh le linn an 12 mhí roimhe seo le haghaidh oibleagáidí árachais saoil, gan iad siúd atá aonadnasctha a áireamh, gan préimh arna ghéilleadh d'athárachas a asbhaint.
R0210/C0020	Préimheanna comhlána saoil tuillte aonadnasctha (an 12 mhí roimhe seo)	Préimh a tuilleadh le linn an 12 mhí roimhe seo le haghaidh oibleagáidí árachais saoil i gcás ina bhfuil an riosca infheistíochta ag na sealbhóirí polasaí, gan préimh arna ghéilleadh d'athárachas a asbhaint.
R0220/C0020	Préimheanna comhlána neamhshaoil tuillte (an 12 mhí roimhe seo)	Préimh a tuilleadh le linn an 12 mhí roimhe seo le haghaidh oibleagáidí árachais neamhshaoil, gan préimheanna arna ngéilleadh d'athárachas a asbhaint.
R0230/C0020	Préimheanna comhlána saoil tuillte (an 12 mhí roimh an 12 mhí roimhe seo) (seachas iad siúd atá aonadnasctha nó innéacsnasctha)	Préimh a tuilleadh le linn an 12 mhí roimh an 12 mhí roimhe seo le haghaidh oibleagáidí árachais saoil, gan iad siúd atá aonadnasctha a áireamh, gan préimh arna ghéilleadh d'athárachas a asbhaint.

	MÍR	TREORACHA
R0240/C0020	Préimheanna comhlána saoil tuillte aonadnasctha (an 12 mhí roimh an 12 mhí roimhe seo)	Préimh a tuilleadh le linn an 12 mhí roimh an 12 mhí roimhe seo le haghaidh oibleagáidí árachais saoil i gcás ina bhfuil an riosca infheistíochta ag na sealbhóirí polasaí, gan préimh arna ghéilleadh d'athárachas a asbhaint
R0250/C0020	Préimheanna comhlána neamhshaoil tuillte (an 12 mhí roimh an 12 mhí roimhe seo)	Préimh a tuilleadh le linn an 12 mhí roimh an 12 mhí roimhe seo le haghaidh oibleagáidí árachais neamhshaoil, gan préimheanna arna ngéilleadh d'athárachas a asbhaint.
R0260/C0020	Ceanglas caipitil maidir le riosca oibriúcháin bunaithe ar phréimheanna tuillte	Is é sin an ceanglas caipitil maidir le rioscaí oibriúcháin bunaithe ar phréimheanna tuillte.
R0300/C0020	Ceanglas caipitil maidir le riosca oibriúcháin roimh chaidhpeáil	Is é sin an ceanglas caipitil maidir le riosca oibriúcháin roimh an gcoigeartú caidhpeála.
R0310/C0020	Caidhp bunaithe ar an mBuncheanglas um Chaipiteal Sócmhainneachta	Is é sin an toradh ar an gcéatadán caidhpeála a chuirtear i bhfeidhm maidir leis an mbuncheanglas um chaipiteal sócmhainneachta.
R0320/C0020	Ceanglas caipitil maidir le riosca oibriúcháin i ndiaidh caidhpeála	Is é sin an ceanglas caipitil maidir le riosca oibriúcháin i ndiaidh an choigeartaithe caidhpeála
R0330/C0020	Costais arna dtabhú i leith gnó aonadnasctha (an 12 mhí roimhe seo)	Is é sin an méid costas arna dtabhú sna 12 mhí roimhe seo i leith árachas saoil i gcás ina bhfuil an riosca infheistíochta ag na sealbhóirí polasaí.
R0340/C0020	Ceanglas caipitil iomlán maidir le riosca oibriúcháin	Is é sin an muirear caipitil le haghaidh riosca oibriúcháin.

S.26.07 — Ceanglas um Chaipiteal Sócmhainneachta — Simplithe

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh eintitis aonair, cistí imfhálaithe, punanna coigeartaithe meaitseála agus le haghaidh an chuid atá fágtha.

Is gá teimpléad SR.26.07.01 a líonadh isteach le haghaidh gach ciste imfhálaithe (RFF), gach punainne coigeartaithe meaitseála (MAP) agus le haghaidh an chuid atá fágtha. I gcás ina mbeidh MAP/RFF leabaithe in RFF/MAP, áfach, ba cheart caitheamh leis an gciste mar chistí éagsúla. Déanfar an teimpléad sin a thuairisciú le haghaidh na bhfochistí uile de RFF/MAP ábhartha mar a shainaithnítear sa dara tábla de S.01.03.

	MÍR	TREORACHA
Z0010	*Airteagal 112*	Sainaithnítear leis cé acu a iarradh nó nár iarradh na figiúirí tuairiscithe faoi Airteagal 112(7), chun meastachán ar SCR a sholáthar agus an fhoirmle chaighdeánach á húsáid. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Tuairisciú Airteagal 112(7) 2 — Tuairisciú tráthrialta

	MÍR	TREORACHA
Z0020	Ciste imfhálaithe, punann coigeartaithe meaitseála nó an chuid atá fágtha	Sainaithnítear leis cibé acu a bhaineann na figiúirí a thuairiscítear le RFF, punann coigeartaithe meaitseála nó leis an gcuid atá fágtha. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — RFF/MAP 2 — An chuid atá fágtha
Z0030	Uimhir Chiste/Phunainne	I gcás ina bhfuil mír Z0020 = 1, uimhir aitheantais le haghaidh ciste imfhálaithe nó punann coigeartaithe meaitseála. Is é an gnóthas a shannann an uimhir sin agus ní mór di a bheith comhsheasmhach le himeacht ama agus leis an uimhir chiste/phunainne a thuairiscítear i dteimpléid eile.
Z0040	Airgeadra le haghaidh riosca an ráta úis (gnóthais faoi gchuing)	Sainaithin cód aibítre ISO 4217 an airgeadra eisiúna. Tuairisceofar gach airgeadra ar líne dhifriúil.

Riosca margaidh (lena n-áirítear gnóthais faoi gchuing)

R0010/C0010–C0070	Riosca raoin difríochta (bannaí agus iasachtaí) — Margadhluach — de réir céim cáilíochta creidmheasa	Margadhluach na sócmhainní atá faoi réir ceanglas caipitil maidir le riosca raoin difríochta i ndáil le bannaí agus iasachtaí le haghaidh gach céime cáilíochta creidmheasa ina bhfuil measúnú creidmheasa arna ndéanamh ag IMCS ainmnithe ar fáil.
R0010/C0080	Riosca raoin difríochta (bannaí agus iasachtaí) — Margadhluach — Gan aon rátáil ar fáil	Margadhluach na sócmhainní atá faoi réir ceanglas caipitil maidir le riosca raoin difríochta i ndáil le bannaí agus iasachtaí i gcás nach bhfuil aon mheasúnú creidmheasa arna ndéanamh ag IMCS ainmnithe ar fáil.
R0020/C0010–C0070	Riosca raoin difríochta (bannaí agus iasachtaí) — Marthanacht leasaithe — de réir céim cáilíochta creidmheasa	Marthanacht leasaithe na sócmhainní atá faoi réir ceanglas caipitil maidir le riosca raoin difríochta i ndáil le bannaí agus iasachtaí le haghaidh gach céime cáilíochta creidmheasa ina bhfuil measúnú creidmheasa arna ndéanamh ag IMCS ainmnithe ar fáil, i mblianta.
R0020/C0080	Riosca raoin difríochta (bannaí agus iasachtaí) — Marthanacht leasaithe — Gan aon rátáil ar fáil	Marthanacht leasaithe na sócmhainní atá faoi réir ceanglas caipitil maidir le riosca raoin difríochta i ndáil le bannaí agus iasachtaí i gcás nach bhfuil aon mheasúnú creidmheasa arna ndéanamh ag IMCS ainmnithe ar fáil, i mblianta.
R0030/C0090	Riosca raoin difríochta (bannaí agus iasachtaí) — Méadú ar fhorálacha teicniúla aonadnasctha agus innéacsnasctha	Méadú ar na forálacha teicniúla lúide corrlach riosca le haghaidh polasaithe ina bhfuil an riosca infheistíochta ag na sealbhóirí polasaí agus a bhfuil roghanna agus ráthaíochtaí leabaithe iontu a leanfadh as laghdú meandrach ar luach na sócmhainní atá faoi réir an cheanglais caipitil le haghaidh riosca raoin difríochta de réir an ríomha shimplithe.

Riosca an ráta úis (gnóthais faoi gchuing)

R0040/C0100	Riosca an ráta úis (gnóthais faoi gchuing) — Ceanglas caipitil — Ráta úis aníos — de réir airgeadra	Ceanglas caipitil le haghaidh an riosca go dtiocfaidh méadú ar struchtúr téarma rátaí úis de réir an ríomha shimplithe le haghaidh gnóthais faoi gchuing le haghaidh gach airgeadra a thuairiscítear.
R0040/C0110	Riosca an ráta úis (gnóthais faoi gchuing) — Ceanglas caipitil — Ráta úis anuas — de réir airgeadra	Ceanglas caipitil le haghaidh an riosca go dtiocfaidh laghdú ar struchtúr téarma rátaí úis de réir an ríomha shimplithe le haghaidh gnóthais faoi gchuing le haghaidh gach airgeadra a thuairiscítear.

	MÍR	TREORACHA
Riosca frithgheallta saoil		
R0100/C0120	Riosca mortlaíochta — Caipiteal faoi riosca	Suim méideanna dearfacha faoi riosca mar a shainmhínítear in Airteagal 91 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 le haghaidh na n-oibleagáidí uile atá faoi réir riosca mortlaíochta.
R0100/C0160	Riosca mortlaíochta — Meánráta t+1	Meánráta mortlaíochta le linn an 12 mhí ina dhiaidh sin (t+1) ualaithe ag an tsuim faoi árachas le haghaidh polasaithe ag a bhfuil caipiteal dearfach faoi riosca.
R0100/C0180	Riosca mortlaíochta — Marthanacht leasaithe	Marthanacht leasaithe gach íocaíochta is iníoctha ar bhás a áirítear sa mheastachán is fearr le haghaidh polasaithe ag a bhfuil caipiteal dearfach faoi riosca.
R0110/C0150	Riosca fadsaolaí — Meastachán is fearr	An meastachán is fearr ar oibleagáidí atá faoi réir riosca fadsaolaí.
R0110/C0160	Riosca fadsaolaí — Meánráta t +1	Meánráta mortlaíochta le linn an 12 mhí (t + 1) ina dhiaidh sin ualaithe ag an tsuim faoi árachas le haghaidh polasaithe ina leanann méadú ar fhorálacha teicniúla as laghdú ar an ráta mortlaíochta.
R0110/C0180	Riosca fadsaolaí — Marthanacht leasaithe	Marthanacht leasaithe gach íocaíochta is iníoctha le tairbhithe, i mblianta, a áirítear sa mheastachán is fearr le haghaidh polasaithe ina leanann méadú ar fhorálacha teicniúla as laghdú ar an ráta mortlaíochta.
R0120/C0120	Riosca míchumais/galrachta — Caipiteal faoi riosca	Suim méideanna dearfacha faoi riosca mar a shainmhínítear in Airteagal 93 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 le haghaidh na n-oibleagáidí uile atá faoi réir riosca míchumais/galrachta.
R0120/C0130	Riosca míchumais/galrachta — Caipiteal faoi riosca t+1	Caipiteal faoi riosca mar a shainmhínítear in R0120/C0120 i ndiaidh 12 mhí (t + 1).
R0120/C0150	Riosca míchumais/galrachta — Meastachán is fearr	An meastachán is fearr ar oibleagáidí atá faoi réir riosca míchumais/galrachta.
R0120/C0160	Riosca míchumais/galrachta — Meánráta t+1	Meánráta míchumais/galrachta le linn an 12 mhí ina dhiaidh sin (t + 1) ualaithe ag an tsuim faoi árachas le haghaidh polasaithe ag a bhfuil caipiteal dearfach faoi riosca.
R0120/C0170	Riosca míchumais/galrachta — Meánráta t+2	Meánráta míchumais/galrachta le linn an 12 mhí i ndiaidh an 12 mhí ina dhiaidh sin (t+2) ualaithe ag an tsuim faoi árachas le haghaidh polasaithe ag a bhfuil caipiteal dearfach faoi riosca.
R0120/C0180	Riosca míchumais/galrachta — Marthanacht leasaithe	Marthanacht leasaithe gach íocaíochta ar mhíchumas/galracht a áirítear sa mheastachán is fearr le haghaidh polasaithe ag a bhfuil caipiteal dearfach faoi riosca.
R0120/C0200	Riosca míchumais/galrachta — Rátaí foirceanta	Rátaí foirceanta a bhfuil coinne leo le linn an 12 mhí ina dhiaidh sin le haghaidh polasaithe ag a bhfuil caipiteal dearfach faoi riosca.
R0130/C0140	Riosca dul i léig (aníos) — Straidhn géillte	Suim na straidhneanna géillte dearfacha uile mar a shainmhínítear in Airteagal 95 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
R0130/C0160	Riosca dul i léig (aníos) — Meánráta t+1	Meánráta dul i léig le haghaidh polasaithe ag a bhfuil straidhneanna géillte dearfacha.

	MÍR	TREORACHA
R0130/C0190	Riosca dul i léig (aníos) — Meántréimhse caillteanais	An mheántréimhse, i mblianta, ina gcailltear na polasaithe a bhfuil straidhn géillte dhearfach acu.
R0140/C0140	Riosca dul i léig (anuas) — Straidhn géillte	Suim na straidhneanna géillte diúltacha uile mar a shainmhínítear in Airteagal 95 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
R0140/C0160	Riosca dul i léig (anuas) — Meánráta t+1	Meánráta dul i léig le haghaidh polasaithe ag a bhfuil straidhneanna géillte diúltacha.
R0140/C0190	Riosca dul i léig (anuas) — Meántréimhse caillteanais	An mheántréimhse, i mblianta, ina gcailltear na polasaithe a bhfuil straidhn géillte dhiúltach acu.
R0150/C0180	Riosca costas saoil — Marthanacht leasaithe	Marthanacht leasaithe an tsreafa airgid a áirítear sa mheastachán is fearr ar oibleagáidí árachais agus athárachais saoil, i mblianta.
R0150/C0210	Riosca costas saoil — Íocaíochtaí	Costais arna n-íoc a bhaineann le hárachas agus athárachas saoil le linn an 12 mhí seo caite.
R0150/C0220	Riosca costas saoil — Meánráta boilscithe	An meánráta boilscithe ualaithe a áirítear sa ríomh ar an meastachán is fearr ar na hoibleagáidí sin, ina bhfuil na hualuithe sin bunaithe ar luach láithreach costas a áirítear sa ríomh ar an meastachán is fearr chun seirbhísiú a dhéanamh ar oibleagáidí saoil atá ann cheana.
R0160/C0120	Riosca tubaiste saoil — Caipiteal faoi riosca	Suim méideanna dearfacha faoi riosca mar a shainmhínítear in Airteagal 96 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.

Riosca frithgheallta san árachas sláinte

R0200/C0120	Riosca mortlaíochta san árachas sláinte — Caipiteal faoi riosca	Suim méideanna dearfacha faoi riosca mar a shainmhínítear in Airteagal 97 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 le haghaidh na n-oibleagáidí uile atá faoi réir riosca mortlaíochta san árachas sláinte.
R0200/C0160	Riosca mortlaíochta san árachas sláinte — Meánráta t +1	Meánráta mortlaíochta le linn an 12 mhí ina dhiaidh sin (t + 1) ualaithe ag an tsuim faoi árachas le haghaidh polasaithe ag a bhfuil caipiteal dearfach faoi riosca.
R0200/C0180	Riosca mortlaíochta san árachas sláinte — Marthanacht leasaithe	Marthanacht leasaithe gach íocaíochta is iníoctha ar bhás a áirítear sa mheastachán is fearr le haghaidh polasaithe ag a bhfuil caipiteal dearfach faoi riosca.
R0210/C0150	Riosca fadsaolaí san árachas sláinte — Meastachán is fearr	An meastachán is fearr ar oibleagáidí atá faoi réir riosca fadsaolaí san árachas sláinte.
R0210/C0160	Riosca fadsaolaí san árachas sláinte — Meánráta t+1	Meánráta mortlaíochta le linn an 12 mhí ina dhiaidh sin (t + 1) ualaithe ag an tsuim faoi árachas le haghaidh polasaithe ina leanann méadú ar fhorálacha teicniúla as laghdú ar an ráta mortlaíochta.
R0210/C0180	Riosca fadsaolaí san árachas sláinte — Marthanacht leasaithe	Marthanacht leasaithe gach íocaíochta is iníoctha le tairbhithe, i mblianta, a áirítear sa mheastachán is fearr le haghaidh polasaithe ina leanann méadú ar fhorálacha teicniúla as laghdú ar an ráta mortlaíochta.
R0220/C0180	Riosca caiteachais leighis maidir le míchumas sláinte/galracht — Marthanacht leasaithe	Marthanacht leasaithe an tsreafa airgid a áirítear sa mheastachán is fearr ar oibleagáidí árachais agus athárachais caiteachais leighis, i mblianta.

	MÍR	TREORACHA
R0220/C0210	Riosca caiteachais leighis maidir le míchumas sláinte/galracht — Íocaíochtaí	Costais arna n-íoc a bhaineann le hárachas agus athárachas caiteachais leighis le linn an 12 mhí seo caite.
R0220/C0220	Riosca caiteachais leighis maidir le míchumas sláinte/galracht — Meánráta boilscithe	An meánráta boilscithe ualaithe maidir le híocaíochtaí leighis a áirítear sa ríomh ar an meastachán is fearr ar na hoibleagáidí sin, ina bhfuil na hualuithe sin bunaithe ar luach láithreach íocaíochtaí leighis a áirítear sa ríomh ar an meastachán is fearr ar na hoibleagáidí sin.
R0230/C0120	Riosca míchumais sláinte/galrachta (maidir le cosaint ioncaim) — Caipiteal faoi riosca	Suim méideanna dearfacha faoi riosca mar a shainmhínítear in Airteagal 100 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 le haghaidh na n-oibleagáidí uile atá faoi réir riosca míchumais/galrachta (maidir le cosaint ioncaim).
R0230/C0130	Riosca míchumais sláinte/galrachta (maidir le cosaint ioncaim) — Caipiteal faoi riosca t+1	Caipiteal faoi riosca mar a shainmhínítear in R0230/C0120 i ndiaidh 12 mhí.
R0230/C0150	Riosca míchumais sláinte/galrachta (maidir le cosaint ioncaim) — Meastachán is fearr	An meastachán is fearr ar oibleagáidí atá faoi réir riosca míchumais/galrachta.
R0230/C0160	Riosca míchumais sláinte/galrachta (maidir le cosaint ioncaim) — Meánráta t+1	Meánráta míchumais/galrachta le linn an 12 mhí ina dhiaidh sin (t + 1) ualaithe ag an tsuim faoi árachas le haghaidh polasaithe ag a bhfuil caipiteal dearfach faoi riosca.
R0230/C0170	Riosca míchumais sláinte/galrachta (maidir le cosaint ioncaim) — Meánráta t+2	Meánráta míchumais/galrachta le linn an 12 mhí i ndiaidh an 12 mhí ina dhiaidh sin (t + 2) ualaithe ag an tsuim faoi árachas le haghaidh polasaithe ag a bhfuil caipiteal dearfach faoi riosca.
R0230/C0180	Riosca míchumais sláinte/galrachta (maidir le cosaint ioncaim) — Meastachán leasaithe	Marthanacht leasaithe gach íocaíochta ar mhíchumas/galracht a áirítear sa mheastachán is fearr le haghaidh polasaithe ag a bhfuil caipiteal dearfach faoi riosca.
R0230/C0200	Riosca míchumais sláinte/galrachta (maidir le cosaint ioncaim) — Rátaí foirceanta	Rátaí foirceanta a bhfuil coinne leo le linn an 12 mhí ina dhiaidh sin le haghaidh polasaithe ag a bhfuil caipiteal dearfach faoi riosca.
R0240/C0140	Riosca dul i léig in árachas sláinte SLT (aníos) — Straidhn géillte	Suim na straidhneanna géillte dearfacha uile mar a shainmhínítear in Airteagal 102 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
R0240/C0160	Riosca dul i léig in árachas sláinte SLT (aníos) — Meánráta t+1	Meánráta dul i léig le haghaidh polasaithe ag a bhfuil straidhneanna géillte dearfacha.
R0240/C0190	Riosca dul i léig in árachas sláinte SLT (aníos) — Meántréimhse caillteanais	An mheántréimhse, i mblianta, ina gcailltear na polasaithe a bhfuil straidhn géillte dhearfach acu.
R0250/C0140	Riosca dul i léig in árachas sláinte SLT (anuas) — Straidhn géillte	Suim na straidhneanna géillte diúltacha uile mar a shainmhínítear in Airteagal 102 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.

	MÍR	TREORACHA
R0250/C0160	Riosca dul i léig in árachas sláinte SLT (anuas) — Meánráta t+1	Meánráta dul i léig le haghaidh polasaithe ag a bhfuil straidhneanna géillte diúltacha.
R0250/C0190	Riosca dul i léig in árachas sláinte SLT (anuas) — Meántréimhse caillteanais	An mheántréimhse, i mblianta, ina gcailltear na polasaithe a bhfuil straidhn géillte dhiúltach acu.
R0260/C0180	Riosca costais san árachas sláinte — Marthanacht leasaithe	Marthanacht leasaithe an tsreafa airgid a áirítear sa mheastachán is fearr ar oibleagáidí árachais agus athárachais sláinte, i mblianta.
R0260/C0210	Riosca costais san árachas sláinte — Íocaíochtaí	Costais arna n-íoc a bhaineann le hárachas agus athárachas sláinte le linn an 12 mhí seo caite.
R0260/C0220	Riosca costais san árachas sláinte — Meánráta boilscithe	An meánráta boilscithe ualaithe a áirítear sa ríomh ar an meastachán is fearr ar na hoibleagáidí sin, ualaithe ag luach láithreach costas a áirítear sa ríomh ar an meastachán is fearr chun seirbhísiú a dhéanamh ar oibleagáidí sláinte atá ann cheana.

Riosca margaidh — Comhchruinnithe rioscaí margaidh

R0300/C0300	Sciar punainne fiachais	An sciar den phunann fiachais a ndearnadh ríomh simplithe SCR lena aghaidh. Ní thuairisceofar an mhír seo ach amháin i gcás dhíolúine tuairiscithe S.06.02.
Simplithe NAT CAT		
R0400/C0330	Stoirm ghaoithe — suim na neamhchosaintí atá faoi réir shimplithe NAT CAT	Áirigh ann suim na neamhchosaintí atá faoi réir simplithe stoirme gaoithe.
R0410/C0330	Cloichshneachta — suim na neamhchosaintí atá faoi réir shimplithe NAT CAT	Áirigh ann suim na neamhchosaintí atá faoi réir simplithe cloichshneachta.
R0420/C0330	Crith talún — suim na neamhchosaintí atá faoi réir shimplithe NAT CAT	Áirigh ann suim na neamhchosaintí atá faoi réir simplithe creatha talún.
R0430/C0330	Tuilte — suim na neamhchosaintí atá faoi réir shimplithe NAT CAT	Áirigh ann suim na neamhchosaintí atá faoi réir simplithe tuilte.
R0440/C0330	Turnamh — suim na neamhchosaintaí atá faoi réir shimplithe NAT CAT	Áirigh ann suim na neamhchosaintí atá faoi réir simplithe turnaimh.

S.26.08 – Ceanglas um Chaipiteal Sócmhainneachta - le haghaidh gnóthais a úsáideann samhail inmheánach (páirteach nó iomlán)

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh eintitis aonair, cistí imfhálaithe, punanna coigeartaithe meaitseála agus le haghaidh an chuid atá fágtha.

Tuairisceofar an teimpléad seo bunaithe ar an infhaighteacht sonraí de réir ailtireacht na samhla inmheánaí agus na próifíle riosca i gcás inar féidir le hiarracht réasúnach. Na sonraí a bheidh le tuairisciú, comhaontófar iad idir údaráis mhaoirseachta náisiúnta agus gnóthais árachais agus athárachais.

Is é cuspóir an teimpléid seo sonraí a bhailiú ar leibhéal comhiomlán agus tairbhí an éagsúlaithe a thaispeáint idir modúil rioscaí ar leithligh. Tógadh roinnt iontrálacha as teimpléid eile ach léirítear iad sin thíos. Ó thaobh teicniúil de, níl siad seo dúbláilte toisc gurb iad na pointí sonraí céanna iad go bunúsach. Dá bhrí sin, nuair a líontar isteach sonraí i dteimpléad amháin, taispeántar go huathoibríoch sa cheann eile iad.

Samhlacha inmheánacha páirteacha:

Tagraíonn gach sraith le haghaidh C0010 do mhéid an mhuirir caipitil le haghaidh gach comhpháirte gan beann ar an modh ríomha (foirmle chaighdeánach nó samhail inmheánach pháirteach), tar éis na gcoigeartuithe le haghaidh acmhainn ionsúcháin caillteanais ag foráil theicniúil agus/nó cánacha iarchurtha i gcás ina mbeidh siad leabaithe i ríomh na comhpháirte.

I gcás na gcomhpháirteanna Acmhainn ionsúcháin caillteanais ag forálacha teicniúla agus/nó cánacha iarchurtha i gcás ina dtuairisceofar iad mar chomhpháirt ar leithligh, ba cheart gurbh éard a bheidh ann méid na hacmhainne ionsúcháin caillteanais (ba cheart na méideanna sin a thuairisciú mar luachanna diúltacha)

I gcás comhpháirteanna a ríomhtar agus an fhoirmle chaighdeánach á húsáid, is é nSCR comhlán atá sa chill sin. I gcás comhpháirteanna a ríomhtar agus an tsamhail inmheánach pháirteach á úsáid, is é sin an luach agus na gníomhaíochtaí bainistíochta amach anseo i leith na gcomhpháirteanna á mbreithniú mar nithe atá leabaithe sa ríomh, ach nach luach é a bhfuil a x á samhaltú mar chomhpháirt ar leithligh.

Leis na méideanna sin, breithneofar go hiomlán éifeachtaí an éagsúlaithe de réir Airteagal 304 de Threoir 2009/138/CE, i gcás inarb infheidhme.

I gcás inarb infheidhme, ní áirítear sna cealla sin leithdháileadh an choigeartaithe i ngeall ar chomhiomlánú nSCR de RFF/MAP ar leibhéal eintitis.

Tuairisceofar teimpléad SR.26.08 de réir ciste imfhálaithe, punann coigeartaithe meaitseála agus an chuid atá fágtha le haghaidh gach gnóthas faoi shamhail inmheánach. I gcás samhlacha inmheánacha páirteacha, áirítear leis sin gnóthais ina gcuirtear samhail inmheánach pháirteach i bhfeidhm maidir le ciste imfhálaithe agus/nó punann coigeartaithe meaitseála iomlán agus ina bhfuil na cistí imfhálaithe agus/nó na punanna coigeartaithe meaitseála eile faoin bhfoirmle chaighdeánach. Ba cheart an teimpléad sin a thuairisciú le haghaidh na bhfochistí uile de RFF/MAP ábhartha mar a shainaithnítear sa dara tábla de S.01.03.

I gcás na ngnóthas sin, arb amhlaidh faoi shamhail inmheánach pháirteach gurb infheidhme an coigeartú i ngeall ar chomhiomlánú nSCR de RFF/MAP maidir leis, i gcás ina mbeidh MAP nó RFF ag an eintiteas (seachas iad siúd faoi raon feidhme Airteagal 304 de Threoir 2009/138/CE), nuair atáthar ag tuairisciú ar leibhéal an ghnóthais iomláin, déanfar nSCR ar leibhéal modúil rioscaí agus an acmhainn ionsúcháin caillteanais (LAC) ag forálacha teicniúla agus cánacha iarchurtha atá le tuairisciú, a ríomh mar a leanas:

— I gcás ina gcuirfidh an gnóthas an coigeartú iomlán i bhfeidhm i ngeall ar chomhiomlánú nSCR de RFF/MAP ar leibhéal eintitis: déantar nSCR a ríomh mar shampla agus nach ann d'aon RFF agus ríomhfar LAC mar shuim LAC ar fud gach RFF/MAP agus na coda atá fágtha,

— I gcás ina gcuirfidh an gnóthas an Simpliú i bhfeidhm ag leibhéal fomhodúil rioscaí chun nSCR de RFF/MAP ar leibhéal eintitis a chomhiomlánú, ríomhtar nSCR agus LAC agus suimiú díreach á bhreithniú ag modh leibhéal an fhomhodúil,

— I gcás ina gcuirfidh an gnóthas an Simpliú i bhfeidhm ag leibhéal fomhodúil rioscaí chun nSCR de RFF/MAP ar leibhéal eintitis a chomhiomlánú, ríomhtar nSCR agus LAC agus suimiú díreach á bhreithniú ag modh leibhéal an mhodúil.

Déanfar an coigeartú i ngeall ar chomhiomlánú nSCR de RFF/MAP ar leibhéal eintitis a leithdháileadh (C0060) ar na modúil riosca ábhartha (i.e. riosca margaidh, riosca mainneachtana frithpháirtí, riosca frithgheallta saoil, riosca frithgheallta san árachas sláinte agus riosca frithgheallta neamhshaoil) nuair a ríomhtar iad de réir na foirmle caighdeánaí. Ríomhfar an méid atá le leithdháileadh ar gach modúil riosca ábhartha mar a leanas:

— Ríomh "thoisc q" $= \frac{adjustment}{BSCR' - nSCR_{int}}$, i gcás inarb amhlaidh gurb é

  — *adjustment* = Coigeartú arna ríomh de réir ceann de na trí mhodh dá dtagraítear thuas

— $BSCR'$ = Buncheanglas um chaipiteal sócmhainneachta arna ríomh de réir na faisnéise a thuairiscítear sa teimpléad seo

— $nSCR_{int}$ = nSCR le haghaidh riosca sócmhainní doláimhsithe de réir na faisnéise a thuairiscítear sa teimpléad seo

— Iolrú na "tosca q" seo faoi nSCR gach modúil riosca ábhartha (i.e. riosca margaidh, riosca mainneachtana frithpháirtí, riosca frithgheallta saoil, riosca frithgheallta san árachas sláinte agus riosca frithgheallta neamhshaoil)

Samhlacha inmheánacha iomlána:

Is gá teimpléad SR.26.08 a líonadh isteach le haghaidh gach ciste imfhálaithe (RFF), gach punainne coigeartaithe meaitseála (MAP) agus le haghaidh an chuid atá fágtha le haghaidh gach gnóthais faoi shamhail inmheánach iomlán. I gcás ina mbeidh MAP/RFF leabaithe in RFF/MAP, áfach, ba cheart caitheamh leis an gciste mar chistí éagsúla. Ba cheart an teimpléad sin a thuairisciú le haghaidh na bhfochistí uile de RFF/MAP ábhartha mar a shainaithnítear sa dara tábla de S.01.03.

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
Comhiomlánú		
Z0020	Ciste imfhálaithe, punann coigeartaithe meaitseála nó an chuid atá fágtha	Sainaithnítear leis cibé acu a bhaineann na figiúirí a thuairiscítear le RFF, punann coigeartaithe meaitseála nó leis an gcuid atá fágtha. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — RFF/MAP 2 — An chuid atá fágtha
Z0030	Uimhir Chiste/Phunainne	I gcás ina bhfuil mír Z0020 = 1, uimhir aitheantais le haghaidh ciste imfhálaithe nó punann coigeartaithe meaitseála. Is é an gnóthas a shannann an uimhir sin agus ní mór di a bheith comhsheasmhach le himeacht ama agus leis an uimhir chiste/phunainne a thuairiscítear i dteimpléid eile. I gcás ina bhfuil mír Z0020 = 2, tuairiscigh "0"
C0010/R0010	Riosca neamhspleách iomlán	Suim na muirear caipitil éagsúlaithe le haghaidh gach modúil riosca. Ní áirítear leis éagsúlú idir modúil riosca. S.26.09.01 C0020/R0020 + S.26.11.01 C0110/R0210 + S.26.12.01 C0070/R0220 + S.26.13.01 C0450/R2120 + S.26.13.01 C0150/R1210 + S.26.14.01 C0320/R0630 + S.26.15.01 C0220/R0070 + an chuid a ríomhtar agus úsáid á baint as an bhfoirmle chaighdeánach le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha
C0010/R0020	Éagsúlú iomlán	Méid éifeachtaí an éagsúlaithe idir modúil rioscaí. Ba cheart an méid sin a thuairisciú mar luach diúltach.
C0010/R0030	Riosca éagsúlaithe iomlán roimh cháin	An méid muirear caipitil éagsúlaithe roimh cháin.
C0010/R0040	Riosca éagsúlaithe iomlán tar éis cánach	An méid muirear caipitil éagsúlaithe tar éis cánach.
C0010/R0050	Acmhainneacht ionsúcháin caillteanais cánacha iarchurtha	Méid an choigeartaithe i leith acmhainneacht ionsúcháin caillteanais cánacha iarchurtha. Ba cheart an méid sin a thuairisciú mar luach diúltach.

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
C0010/R0060	Acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla	Méid an choigeartaithe i leith acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla. Ba cheart an méid sin a thuairisciú mar luach diúltach.
C0010/R0070	Riosca margaidh & creidmheasa iomlán	Mar an gcéanna le S.26.09.01 C0020/R0010 + an chuid a ríomhtar agus úsáid á baint as an bhfoirmle chaighdeánach le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha
C0010/R0080	Riosca Margaidh & Creidmheasa – éagsúlaithe	S.26.08.01 C0010/R0070 + an chuid a ríomhtar agus úsáid á baint as an bhfoirmle chaighdeánach le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha, lúide cuid den éagsúlú iomlán a leithdháiltear le halgartam an ghnóthais ar riosca Margaidh agus Creidmheasa.
C0010/R0090	Riosca an ráta úis	Mar an gcéanna le S.26.09.01 C0020/R0060 + an chuid a ríomhtar agus úsáid á baint as an bhfoirmle chaighdeánach le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha.
C0010/R0100	Riosca luaineachta an ráta úis	Mar an gcéanna le S.26.09.01 C0020/R0070 + an chuid a ríomhtar agus úsáid á baint as an bhfoirmle chaighdeánach le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha.
C0010/R0110	Riosca boilscithe	Mar an gcéanna le S.26.09.01 C0020/R0080 + an chuid a ríomhtar agus úsáid á baint as an bhfoirmle chaighdeánach le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha.
C0010/R0120	Riosca gnáthscaireanna	Mar an gcéanna le S.26.09.01 C0020/R0110 + an chuid a ríomhtar agus úsáid á baint as an bhfoirmle chaighdeánach le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha.
C0010/R0130	Riosca luaineachta gnáthscaireanna	Mar an gcéanna le S.26.09.01 C0020/R0120 + an chuid a ríomhtar agus úsáid á baint as an bhfoirmle chaighdeánach le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha.
C0010/R0140	Riosca réadmhaoine	Mar an gcéanna le S.26.09.01 C0020/R0130 + an chuid a ríomhtar agus úsáid á baint as an bhfoirmle chaighdeánach le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha.
C0010/R0150	Riosca airgeadra	Mar an gcéanna le S.26.09.01 C0020/R0140 + an chuid a ríomhtar agus úsáid á baint as an bhfoirmle chaighdeánach le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha.
C0010/R0160	Riosca raoin difríochta creidmheasa	Mar an gcéanna le S.26.09.01 C0020/R0180 + an chuid a ríomhtar agus úsáid á baint as an bhfoirmle chaighdeánach le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha.
C0010/R0170	Riosca teagmhais creidmheasa (imirce agus mainneachtain)	Mar an gcéanna le S.26.09.01 C0020/R0170 + an chuid a ríomhtar agus úsáid á baint as an bhfoirmle chaighdeánach le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha.
C0010/R0180	Suim riosca creidmheasa (raon difríochta, imirce agus mainneachtain)	Mar an gcéanna le S.26.09.01 C0020/R0150 + an chuid a ríomhtar agus úsáid á baint as an bhfoirmle chaighdeánach le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha.

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
C0010/R0190	Riosca teagmhais creidmheasa nach gcumhdaítear i riosca margaidh agus creidmheasa	SCR arna leithdháileadh ar riosca teagmhas creidmheasa nach gcumhdaítear leis an modúl riosca margaidh & creidmheasa.
C0010/R0200	Riosca teagmhais creidmheasa nach gcumhdaítear i riosca margaidh agus creidmheasa – éagsúlaithe	S.26.08.01 C0010/R0190 + an chuid a ríomhtar agus úsáid á baint as an bhfoirmle chaighdeánach le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha, lúide éagsúlú arna leithdháileadh ar riosca teagmhas creidmheasa nach gcumhdaítear leis an modúl riosca margaidh & creidmheasa.
C0010/R0210	Ionstraimí airgeadais riosca boinn	Muirear caipitil arna leithdháileadh ar riosca boinn le haghaidh ionstraimí airgeadais (riosca fáluithe neamhfhoirfe. Suim na ndifríochtaí praghais idir sócmhainn agus ionstraim fálaithe). Gan le tuairisciú ach amháin i gcás ina samhlaíonn an gnóthas é sin go sainráite ina mhodúl féin agus inar léirigh sé amhlaidh in C0140/R0760.
C0010/R0220	Riosca díorthach	Muirear caipitil arna leithdháileadh ar riosca díorthach (gach díorthach nach n-úsáidtear chun críoch fálaithe). Gan le tuairisciú ach amháin i gcás ina samhlaíonn an gnóthas é sin go sainráite ina mhodúl féin agus inar léirigh sé amhlaidh in C0140/R0770.
C0010/R0230	Rannpháirtíochtaí	Muirear caipitil arna leithdháileadh ar rannpháirtíochtaí. Gan le tuairisciú ach amháin i gcás ina samhlaíonn an gnóthas é sin go sainráite ina mhodúl féin agus inar léirigh sé amhlaidh in C0140/R0720.
C0010/R0240	Riosca leachtachta	Muirear caipitil arna leithdháileadh ar riosca leachtachta. Gan le tuairisciú ach amháin i gcás ina samhlaíonn an gnóthas é sin go sainráite ina mhodúl féin agus inar léirigh sé amhlaidh in C0140/R0730.
C0010/R0250	Riosca pinsin	Muirear caipitil arna leithdháileadh ar riosca pinsin. Gan le tuairisciú ach amháin i gcás ina samhlaíonn an gnóthas é sin go sainráite ina mhodúl féin agus inar léirigh sé amhlaidh in C0140/R0740.
C0010/R0260	Riosca comhchruinnithe	Muirear caipitil arna leithdháileadh ar riosca comhchruinnithe. I gcás gnóthais a úsáideann samhail inmheánach iomlán, ní thuairisceofar sin ach amháin i gcás ina samhlaíonn an gnóthas é sin go sainráite ina mhodúl féin agus inar léirigh sé amhlaidh in C0140/R0750.
C0010/R0270	Riosca gnó iomlán	Muirear caipitil arna leithdháileadh ar riosca gnó. Gan le tuairisciú ach amháin i gcás ina samhlaíonn an gnóthas é sin go sainráite ina mhodúl féin.
C0010/R0280	Riosca Gnó iomlán - éagsúlaithe	S.26.08.01 C0010/R0240 lúide cuid den éagsúlú iomlán a leithdháileann algartam an ghnóthais ar riosca gnó.
C0010/R0290	Riosca frithgheallta iomlán	S.26.08.01 C0010/R0310 + S.26.08.01 C0010/R0400 + an chuid a ríomhtar agus úsáid á baint as an bhfoirmle chaighdeánach le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
C0010/R0300	Riosca frithgheallta iomlán — éagsúlaithe	S.26.08.01 C0010/R0290 + an chuid a ríomhtar agus úsáid á baint as an bhfoirmle chaighdeánach le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha, lúide cuid den éagsúlú iomlán a leithdháiltear le halgartam an ghnóthais ar riosca frithgheallta.
C0010/R0310	Glanriosca frithgheallta Neamhshaoil Iomlán	Suim S.26.08.01 C0010/R0360, R0370, R0380 + R0390 + an chuid a ríomhtar agus úsáid á baint as an bhfoirmle chaighdeánach le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha.
C0010/R0320	Glanriosca frithgheallta Neamhshaoil iomlán - éagsúlaithe	S.26.08.01 C0010/R0310 + an chuid a ríomhtar agus úsáid á baint as an bhfoirmle chaighdeánach le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha, lúide cuid den éagsúlú iomlán a leithdháiltear le halgartam an ghnóthais ar riosca frithgheallta neamhshaoil.
C0010/R0330	Glanriosca NAT CAT	S.26.13.01 C0430/R1690 + S.26.13.01 C0430/R1700 + an chuid a ríomhtar agus úsáid á baint as an bhfoirmle chaighdeánach le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha
C0010/R0340	Glanriosca de dhéantús an duine	S.26.13.01 C0430/R1710 + S.26.13.01 C0430/R1720 + an chuid a ríomhtar agus úsáid á baint as an bhfoirmle chaighdeánach le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha
C0010/R0350	Riosca cúlchiste comhlán	Mar an gcéanna le S.26.13.01 C0050/R0090 + an chuid a ríomhtar agus úsáid á baint as an bhfoirmle chaighdeánach le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha.
C0010/R0360	Riosca préimhe comhlán	Mar an gcéanna le S.26.13.01 C0080/R0540 + an chuid a ríomhtar agus úsáid á baint as an bhfoirmle chaighdeánach le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha.
C0010/R0370	Riosca frithgheallta Saoil & Sláinte Iomlán	Suim S.26.08.01 C0010/R0420-R0480 + an chuid a ríomhtar agus úsáid á baint as an bhfoirmle chaighdeánach le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha nó suim S.26.08.01 C0010/R0480-R0500 + an chuid a ríomhtar agus úsáid á baint as an bhfoirmle chaighdeánach le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha.
C0010/R0380	Riosca frithgheallta Saoil & Sláinte iomlán - éagsúlaithe	S.26.08.01 C0010/R0400 + an chuid a ríomhtar agus úsáid á baint as an bhfoirmle chaighdeánach le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha, lúide cuid den éagsúlú iomlán a leithdháiltear le halgartam an ghnóthais ar riosca saoil & sláinte.
C0010/R0390	Riosca mortlaíochta	S.26.14.01 C0070/R0010 + S.26.14.01 C0070/R0310 + an chuid a ríomhtar agus úsáid á baint as an bhfoirmle chaighdeánach le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha
C0010/R0400	Riosca fadsaolaí	S.26.14.01 C0070/R0050 + S.26.14.01 C0070/R0360 + an chuid a ríomhtar agus úsáid á baint as an bhfoirmle chaighdeánach le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha
C0010/R0410	Riosca míchumais/galrachta	S.26.14.01 C0070/R0110 + S.26.14.01 C0070/R0410 + an chuid a ríomhtar agus úsáid á baint as an bhfoirmle chaighdeánach le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
C0010/R0420	Dul i léig	S.26.14.01 C0070/R0160 + S.26.14.01 C0070/R0470 + an chuid a ríomhtar agus úsáid á baint as an bhfoirmle chaighdeánach le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha
C0010/R0430	Riosca costais	S.26.14.01 C0070/R0240 + S.26.14.01 C0070/R0550 + an chuid a ríomhtar agus úsáid á baint as an bhfoirmle chaighdeánach le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha
C0010/R0440	Riosca athbhreithnithe	S.26.14.01 C0070/R0260 + S.26.14.01 C0070/R0570 + an chuid a ríomhtar agus úsáid á baint as an bhfoirmle chaighdeánach le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha
C0010/R0450	Riosca tubaiste	Mar an gcéanna le S.26.14.01 C0070/R0250 + S.26.14.01 C0070/R0560 + an chuid a ríomhtar agus úsáid á baint as an bhfoirmle chaighdeánach le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha nó S.26.14.01 C0070/R0300 + S.26.14.01 C0070/R0600 + an chuid a ríomhtar agus úsáid á baint as an bhfoirmle chaighdeánach le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha, ag brath ar struchtúr na samhla.
C0010/R0460	Riosca treochta	Mar an gcéanna le S.26.14.01 C0070/R0280 + S.26.14.01 C0070/R0580.
C0010/R0470	Riosca leibhéil	Mar an gcéanna le S.26.14.01 C0070/R0290 + S.26.14.01 C0070/R0590.
C0010/R0480	Riosca Oibriúcháin Iomlán	Mar an gcéanna le S.26.15.01 C0220/R0070 + an chuid a ríomhtar agus úsáid á baint as an bhfoirmle chaighdeánach le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha.
C0010/R0490	Riosca Oibriúcháin iomlán - éagsúlaithe	S.26.08.01 C0010/R0510 + an chuid a ríomhtar agus úsáid á baint as an bhfoirmle chaighdeánach le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha, lúide cuid den éagsúlú iomlán a leithdháiltear le halgartam an ghnóthais ar riosca oibriúcháin.
C0010/R0500	Riosca eile	Muirear caipitil nach leithdháiltear ar na catagóirí a liostaítear anseo + an chuid a ríomhtar ag úsáid na foirmle caighdeánaí le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha.
C0050/R0010-R0500	Leithdháileadh ó choigeartuithe i ngeall ar RFF agus punanna coigeartaithe meaitseála	I gcás inarb infheidhme, cuid den choigeartú a leithdháiltear ar gach modúl riosca de réir an nós imeachta ar a dtugtar tuairisc sna barúlacha ginearálta. Beidh an méid sin deimhneach.
C0060/R0010-R0500	Breithniú na ngníomhaíochtaí bainistíochta amach anseo maidir le forálacha teicniúla agus/nó cánacha iarchurtha	Chun a shainaithint an bhfuil na gníomhaíochtaí bainistíochta amach anseo a bhaineann le hacmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla agus/nó cánacha iarchurtha leabaithe sa ríomh, úsáidfear an liosta iata roghanna seo a leanas: 1 – Gníomhaíochtaí bainistíochta amach anseo maidir le hacmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla atá leabaithe sa chomhpháirt 2 – Gníomhaíochtaí bainistíochta amach anseo maidir le hacmhainneacht ionsúcháin caillteanais cánacha iarchurtha atá leabaithe sa chomhpháirt

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
		3 – Gníomhaíochtaí bainistíochta amach anseo maidir le hacmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla agus cánacha iarchurtha atá leabaithe sa chomhpháirt 4 – Gan breithniú leabaithe ar ghníomhaíochtaí bainistíochta amach anseo.
C0070/R0010-R0500	Méid arna shamhaltú	I gcás gach comhpháirte, léirítear leis an gcill sin an méid arna ríomh de réir na samhla inmheánaí páirtí.
C0080/R0510	Mír le meabhrú: Tuairisc ar riosca eile	Tuairisc ar a n-áirítear le muirear caipitil C0010/R0530

Rioscaí Sonracha a Samhaltaíodh – Ceadaítear "Samhaltaíodh" mar rogha iomadúil le haghaidh colúin i ngach ró más é "Níor samhaltaíodh" an rogha in C0140.

R0700-R0820/C0140	Arna shamhaltú go sainráite ina mhodúl féin	Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – Samhaltaíodh 2 – Níor samhaltaíodh Más é "Samhaltaíodh" an freagra, féach an tábla ag tús an chomhaid loga chun a fháil amach céard a líonfar isteach. Más é "Níor samhaltaíodh" an freagra, ní mór C0150 go C0190 a líonadh isteach le haghaidh gach ró ag brath ar an áit lena gcumhdaítear an riosca. Mura gcumhdaítear é, is é "Níor samhaltaíodh" ba cheart a bheith ann le haghaidh gach cóid sa ró céanna.
R0700-R0770/C0150	Margadh agus Creidmheas	Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – Samhaltaíodh 2 – Níor samhaltaíodh Más é "Samhaltaíodh" an freagra in C0140, ní mór sin a shocrú go "Níor samhaltaíodh". Ina mhalairt de chás, ba cheart é a shocrú go "Samhaltaíodh" má chumhdaítear an riosca sonraithe i ngach ró leis an modúl riosca margaidh & creidmheasa.
R0700-R0770/C0160	Neamhshaol	Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – Samhaltaíodh 2 – Níor samhaltaíodh Más é "Samhaltaíodh" an freagra in C0140, ní mór sin a shocrú go "Níor samhaltaíodh". Ina mhalairt de chás, ba cheart é a shocrú go "Samhaltaíodh" má chumhdaítear an riosca sonraithe i ngach ró leis an modúl riosca neamhshaoil.
R0700-R0770/C0170	Saol agus Sláinte	Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – Samhaltaíodh 2 – Níor samhaltaíodh Más é "Samhaltaíodh" an freagra in C0140, ní mór sin a shocrú go "Níor samhaltaíodh". Ina mhalairt de chás, ba cheart é a shocrú go "Samhaltaíodh" má chumhdaítear an riosca sonraithe i ngach ró leis an modúl riosca Saoil & Sláinte.

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
R0700-R0770/C0180	Oibriúcháin	Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – Samhaltaíodh 2 – Níor samhaltaíodh Más é "Samhaltaíodh" an freagra in C0140, ní mór sin a shocrú go "Níor samhaltaíodh". Ina mhalairt de chás, ba cheart é a shocrú go "Samhaltaíodh" má chumhdaítear an riosca sonraithe i ngach ró leis an modúl riosca Oibriúcháin.
R0700-R0770/C0190	Eile	Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – Samhaltaíodh 2 – Níor samhaltaíodh Más é "Samhaltaíodh" an freagra in C0140, ní mór sin a shocrú go "Níor samhaltaíodh". Ina mhalairt de chás, ba cheart é a shocrú go "Samhaltaíodh" má chumhdaítear an riosca sonraithe i ngach ró le modúl riosca eile nach luaitear anseo.

S.26.09 – Samhail inmheánach: Riosca Margaidh agus Creidmheasa – le haghaidh ionstraimí airgeadais

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh eintitis aonair.

Tuairisceofar an teimpléad seo bunaithe ar an infhaighteacht sonraí de réir ailtireacht na samhla inmheánaí agus na próifíle riosca i gcás inar féidir le hiarracht réasúnach. Na sonraí a bheidh le tuairisciú, comhaontófar iad idir údaráis mhaoirseachta náisiúnta agus gnóthais árachais agus athárachais.

Mura sonraítear a mhalairt, úsáidfear "luachanna Shócmhainneacht II", i.e. cur i bhfeidhm na bprionsabal luachála a leagtar amach i dTreoir 2009/138/CE, i Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, i gCaighdeáin Theicniúla a eisítear faoi Threoir 2009/138/CE agus i dTreoirlínte ÚEAPC.

Leis an teimpléad seo cumhdaítear an riosca margaidh agus creidmheasa a eascraíonn as leibhéal nó luaineacht margadhphraghsanna ionstraimí airgeadais, a imríonn tionchar ar luach sócmhainní agus dliteanas an ghnóthais nó an ghrúpa. Le riosca creidmheasa cumhdaítear na trí ghnáthghné seo: "raon difríochta", "imirce" agus "mainneachtain".

Áireofar ar na figiúirí an tionchar ar shócmhainní agus dliteanais, lena n-áirítear aon tionchar ar roghanna agus ráthaíochtaí agus ar shochair lánroghnacha todhchaí le haghaidh sealbhóirí polasaí ("acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla").

Ní áireofar ar na figiúirí sin acmhainneacht ionsúcháin caillteanais cánacha iarchurtha.

Tá trí phríomhbhloc tógála sa teimpléad seo:

1. "Faisnéis ghinearálta" maidir le cúpla príomhghné de chur chuige na samhlacha

2. "Ceanglais chaipitil neamhspleácha maidir le riosca margaidh agus creidmheasa agus sonraí forlíontacha maidir le dáileadh"

3. "Íogaireachtaí agus sonraí maidir le neamhchosaint"

S.26.09.01.01: Faisnéis ghinearálta

Maidir le samhlacha riosca margaidh agus creidmheasa, iarrtar anseo trí fhíoras maidir le cur chuige na samhlacha agus an raon feidhme, ós tábhachtach iad chun anailís a dhéanamh ar shonraí, is iad sin: Cé acu a áirítear nó nach n-áirítear "coigeartú luaineachta dinimiciúil" (DVA) sa tsamhail agus cé acu a áirítear nó nach n-áirítear "éifeachtaí aosaithe" sa tsamhail agus cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear ionstraimí neamhairgeadais le riosca creidmheasa. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach thíos.

S.26.09.01.02: Ceanglais chaipitil neamhspleácha maidir le riosca margaidh agus creidmheasa agus sonraí forlíontacha maidir le dáileadh

Bunaithe ar cheanglais Airteagal 228 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, leis an réamhaisnéis maidir le dáileadh dóchúlachta atá foluiteach leis an tsamhail inmheánach, sannfar dóchúlachtaí d'athruithe ar mhéid bhunchistí dílse an ghnóthais árachais nó athárachais nó ar mhéideanna airgeadaíochta eile, amhail brabús agus caillteanas, ar choinníoll gur féidir na méideanna airgeadaíochta sin a úsáid chun na hathruithe ar bhunchistí dílse a chinneadh. Sa tacar cuimsitheach de theagmhais chomheisiacha amach anseo dá dtagraítear in Airteagal 13(38) de Threoir 2009/138/CE, beidh líon leordhóthanach teagmhas chun próifíl riosca an ghnóthais a léiriú.

I dteimpléad S.26.09.01.02, iarrtar ar úsáideoirí samhla inmheánaí bunluachanna staidrimh áirithe ón dáileadh de thionchair cistí dílse atá bainteach leis an réamhaisnéis maidir le dáileadh dóchúlachta a sholáthar nuair a shriantar na teagmhais dóibh sin nach bhfuil bainteach ach le cineál áirithe riosca ("riosca neamhspleách" nó "riosca imeallach"). Leis an "riosca imeallach" le haghaidh rátaí úis, mar shampla, chumhdófaí go háirithe athruithe ar leibhéal an ráta úis, ach de ghnáth ní dhéanfaí athrú sna hionsamhluithe ar luach gnáthscaireanna *inter alia*.

Cumhdaítear le S.26.09.01.02 fo-rioscaí tipiciúla riosca margaidh agus creidmheasa agus ceanglaítear leis figiúirí in dhá fhothacar:

I. Figiúirí dála "SCR" a chuireann san áireamh "bearta ráthaíochta fadtéarmacha" atá comhchosúil le teimpléad S.22.01:

Ba cheart na figiúirí sin a bheith bainteach le 99,5 % VaR faoin mbeart riosca a úsáidtear chun an Ceanglas um Chaipiteal Sócmhainneachta (SCR) a ríomh. Go ginearálta, tá coinne leis go gcuirfidh tú do "shainmhíniú SCR" samhaltaithe i bhfeidhm maidir leis na bunchistí dílse gan srianta cáilitheachta agus gan acmhainneacht ionsúcháin caillteanais cánacha iarchurtha. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh an figiúr a iarrtar a bheith éagsúil le cúigil shamplach 0,5 % ó thaobh na dtionchar ionsamhlaithe (agus comhartha diúltach leis), mar gheall ar an meastóir staidrimh le haghaidh pheircintíl 0,5 (e.g. lena n-áirítear aon scéim idirshuímh nó smúdála).

Chun críocha na gceanglas tuairiscithe sin, is é "VaR samhaltaithe" (mVaR) a ghairtear den luach sin le haghaidh an 99,50 % de bhunchistí dílse.

Iarrtar an "mVaR 99,50 %" seo a sholáthar le haghaidh na n-éagsúlachtaí seo a leanas de na "bearta ráthaíochta fadtéarmacha" (LTGM):

— mVaR 99,50 % lena n-áirítear gach LTGM a chuireann tú i bhfeidhm go tráthrialta

— mVaR 99,50 % gan beart idirthréimhseach maidir le forálacha teicniúla

— mVaR 99,50 % gan beart idirthréimhseach maidir le rátaí úis

— mVaR 99,50 % gan coigeartú luaineachta (VA) agus gan forálacha idirthréimhseacha

— mVaR 99,50 % gan coigeartú meaitseála (MA) agus gan gach LTGM eile

II. Bunsonraí staidrimh ón "dáileadh imeallach"

Ón dáileadh le haghaidh an riosca imeallaigh faoi bhreithniú, soláthair na tionchair atá bainteach leis na sonraí seo a leanas. Ba cheart na luachanna sin a thógáil go díreach ón dáileadh, i.e. sa chás go mbeadh mVaR éagsúil le cuaintíl 99,50 %, soláthair na sonraí gan gnéithe ó do mheastóir staidrimh a cheadú:

— Meán

— Diall caighdeánach

— Tionchair a chomhfhreagraíonn do mVaR le haghaidh na gcuaintílí sainaitheanta.

S.26.09.01.03: Íogaireachtaí agus sonraí maidir le neamhchosaintí

I dteimpléad S.26.09.01.03, iarrtar sonraí ar cheart dóibh tacú leis an anailís ar thorthaí agus próifíl riosca, is é sin "íogaireachtaí" na gcistí dílse agus faisnéis maidir le "neamhchosaint" i ndáil leis an riosca margaidh agus creidmheasa le haghaidh ionstraimí airgeadais.

Le S.26.09.01.03, i gcás gach ceann de na fo-rioscaí a chumhdaítear le S.26.09.01.02, iarrtar sonraí maidir le neamhchosaint sa chás bunaidh agus i gcásanna áirithe struis. Sonraí maidir le neamhchosaint atá i luach Shócmhainneacht II de chuid na míreanna seo a leanas, ach is amhlaidh sin le haghaidh na n-iontrálacha úd faoi na míreanna sin agus lena n-aghaidh sin amháin, atá faoi réir an riosca faoi seach:

— Sócmhainní

— Dliteanais

— Sócmhainní lúide dliteanais

— Sócmhainní gan cinn aonadnasctha a áireamh

— Dliteanais gan cinn aonadnasctha a áireamh

— Sócmhainní gan cinn aonadnasctha a áireamh lúide dliteanais gan cinn aonadnasctha a áireamh

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
Faisnéis ghinearálta		
C0010/R0010	An cineál VA atá in úsáid	Sainaithnítear cé acu a úsáideann nó nach n-úsáideann an gnóthas Coigeartú Luaineachta (VA) i ríomh SCR agus, má úsáideann, sainaithnítear cé acu atá coinne le hathruithe ar an gcoigeartú luaineachta thar thréimhse ionchasach 1 bhliana amháin Shócmhainneacht II ("VA dinimiciúil") nó nach bhfuil ("VA tairiseach"). Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – Gan VA 2 – Coigeartú luaineachta tairiseach 3 – Coigeartú luaineachta dinimiciúil
C0010/R0020	An cineál samhla turrainge le haghaidh riosca margaidh	I gcás riosca margaidh agus creidmheasa, tá dhá chur chuige ann a leanann samhlacha inmheánacha maidir le tréimhse ionchais 1 bhliana amháin Shócmhainneacht II, a bheag nó a mhór. Samhlacha turrainge meandraí nó réamh-mheastachán thar 1 bhliain amháin, ar ag a dheireadh a bheadh aibíocht 1 bhliain amháin ag banna a bhfuil aibíocht 2 bhliain aige ag tús an réamh-mheastacháin, mar shampla. Iarrtar ar an ngnóthas an cheist maidir le "riosca margaidh" a fhreagairt. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – Samhail turrainge meandraí 2 – Samhail réamh-mheastacháin
C0010/R0030	An cineál samhla turrainge le haghaidh riosca creidmheasa	I gcás riosca margaidh & creidmheasa, tá dhá chur chuige ann a leanann samhlacha inmheánacha maidir le tréimhse ionchais 1 bhliain amháin Shócmhainneacht II, a bheag nó a mhór. Samhlacha turrainge meandraí nó réamh-mheastachán thar 1 bhliain amháin, ar ag a dheireadh a bheadh aibíocht 1 bhliain amháin ag banna a bhfuil aibíocht 2 bhliain aige ag tús an réamh-mheastacháin, mar shampla. Ba cheart freagra a thabhairt maidir le "riosca creidmheasa". Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – Samhail turrainge meandraí 2 – Samhail réamh-mheastacháin
C0010/R0040	Cumhdach ionstraimí neamhairgeadais	Sainaithnítear leis cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear riosca creidmheasa le haghaidh ionstraimí neamhairgeadais le táblaí 2 agus 3 agus, má chumhdaítear, a mhéid a chumhdaítear. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – Ní úsáidfear 2 – Go hiomlán 3 – Go páirteach Baineann an rogha go príomha leis an gcur chuige chun "teagmhas creidmheasa" a shamhaltú, i.e. "imirce" agus "mainneachtain". Go háirithe, ní infheistíochtaí amháin a chumhdaítear le samhlacha punainne creidmheasa, mar a ghairtear díobh, ach athárachas, méideanna in-aisghabhála agus míreanna lasmuigh den chlár comhardaithe freisin mar shampla.

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
		Baineann an fhaisnéis chomhfhreagrach le hábhar an léirmhínithe ar líne R12 go R17, a bhaineann le riosca creidmheasa i dtábla 2 (“rioscaí imeallacha”, S.26.09 R0150 go R0200), agus le hábhar thábla 3 (“rioscaí comhcheangailte”, S.26.09 R0010 go R0030).

RIOSCA MARGAIDH AGUS CREIDMHEASA NEAMHSPLEÁCH: “SCR” AGUS SONRAÍ MAIDIR LE DÁILEADH

C0020-C0060/R0040	Suim riosca an ráta úis	Suim luachanna C0020-C0060/R0060 agus C0020-C0060/R0070 faoi seach.
C0020-C0300/R0050	Suim riosca an ráta úis, ar cuid de sin: Riosca an ráta úis arna éagsúlú	Laistigh den riosca margaidh agus creidmheasa, is éard atá i riosca an ráta úis íogaireacht luachanna na sócmhainní, na ndliteanas agus na n-ionstraimí airgeadais ó thaobh athruithe ar struchtúr téarma rátaí úis, nó ar luaineacht rátaí úis. Níl íogaireacht ó thaobh aon ghné den riosca creidmheasa i gceist leis. Sa líne sin, níor cheart a chur san áireamh ach an t-éagsúlú idir athruithe ar struchtúr téarma rátaí úis agus athruithe ar luaineacht rátaí úis.
C0020-C0300/R0060	Suim riosca an ráta úis, ar cuid de sin: Riosca an ráta úis	Is éard atá sa riosca sin íogaireacht luachanna na sócmhainní, na ndliteanas agus na n-ionstraimí airgeadais ó thaobh athruithe ar struchtúr téarma rátaí úis, ach níl athruithe ar luaineacht rátaí úis ná aon ghné den riosca creidmheasa i gceist leis.
C0020-C0300/R0070	Suim riosca an ráta úis, ar cuid de sin: Riosca luaineachta an ráta úis	Is éard atá sa riosca sin íogaireacht luachanna na sócmhainní, na ndliteanas agus na n-ionstraimí airgeadais ó thaobh athruithe ar luaineacht rátaí úis ach níl aon ghné den riosca creidmheasa i gceist leis.
C0020-C0300/R0080	Riosca boilscithe	Laistigh den riosca margaidh agus creidmheasa, is éard atá sa riosca íogaireacht luachanna na sócmhainní, na ndliteanas agus na n-ionstraimí airgeadais d’athruithe ar an mboilsciú. Ós rud é go gceadaítear boilsciú i samhlacha inmheánacha áirithe le haghaidh riosca frithgheallta, mar shampla, áirithigh nach bhfuil aon chomhaireamh dúbailte ann.
		19 – Athárachas comhréireach dóiteáin agus le haghaidh damáiste eile do mhaoin 20 – Athárachas comhréireach dliteanais ghinearálta 21 – Athárachas comhréireach creidmheasa agus urraíochta 22 – Athárachas comhréireach costas dlí 23 – Athárachas comhréireach cúnaimh 24 – Athárachas comhréireach ilghnéitheach caillteanais airgeadais 25 – Athárachas sláinte neamhréireach 26 – Athárachas taisme neamhréireach 27 – Athárachas comhréireach muirí, eitlíochta agus iompair 28 – Athárachas neamhréireach maoine Tá coinne leis go dtabharfaidh na gnóthais árachais agus athárachais le fios cé acu LoB Shócmhainneacht II ina gcuimsítear gach LoB inmheánach. Má bhíonn LoB Inmheánach amháin mapáilte le dhá LoB Shócmhainneacht II nó níos mó, tuairiscítear le C0040 an cion comhfhreagrach (mar luach idir 0 agus 1) den LoB inmheánach do gach LoB Shócmhainneacht II mapáilte. Beidh na luachanna seo cothrom le 1 do gach LoB inmheánach atá mapáilte le dhá LoB Shócmhainneacht II nó níos mó. Má bhíonn mapáil ceann le ceann ann, 1 a bheidh in C0040.
C0040	Táscaire riosca préimhe	Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: — Sannta do riosca préimhe — Neamhshannta do riosca préimhe
C0050	Táscaire riosca cúlchiste	Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: — Sannta do riosca cúlchiste — Neamhshannta do riosca cúlchiste
C0060	Cion den Réim Ghnó Inmheánach a shanntar do Réim Ghnó SII	Cion den réim ghnó inmheánach a shanntar do réim ghnó SII mar uimhir dheachúlach e.g. úsáid 0,1 más 10 % atá ann.

Sonraí samhaltúcháin ollriosca cúlchiste

Z0010	Réim Ghnó SII	Sainaithint na réime gnó Neamhshaoil mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, arna tuairisciú. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 – Árachas maidir le caiteachas leighis 2 – Árachas cosanta ioncaim 3 – Árachas gortuithe tionsclaíocha 4 – Árachas dliteanais mótarfheithicle 5 – Árachas mótair eile 6 – Árachas muirí, eitlíochta agus iompair 7 – Árachas dóiteáin agus árachas le haghaidh damáiste eile do mhaoin 8 – Árachas dliteanais ghinearálta 9 – Árachas creidmheasa agus urraíochta

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
		10 – Árachas maidir le costais dlí 11 – Cúnamh 12 – Caillteanas airgeadais ilghnéitheach 13 – Athárachas comhréireach costas dlí 14 – Athárachas comhréireach cosanta ioncaim 15 – Athárachas comhréireach um ghortuithe tionsclaíocha 16 – Athárachas comhréireach um dhliteanas mótarfheithiclí 17 – Athárachas mótair comhréireach eile 18 – Athárachas comhréireach muirí, eitlíochta agus iompair 19 – Athárachas comhréireach dóiteáin agus le haghaidh damáiste eile do mhaoin 20 – Athárachas comhréireach dliteanais ghinearálta 21 – Athárachas comhréireach creidmheasa agus urraíochta 22 – Athárachas comhréireach costas dlí 23 – Athárachas comhréireach cúnaimh 24 – Athárachas comhréireach ilghnéitheach caillteanais airgeadais 25 – Athárachas sláinte neamhréireach 26 – Athárachas taisme neamhréireach 27 – Athárachas comhréireach muirí, eitlíochta agus iompair 28 – Athárachas neamhréireach maoine
Z0020	Cineál riosca	Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – Riosca cúlchiste NSLT Neamhshaoil agus Sláinte comhiomlánaithe i gcomhpháirt leis an riosca tubaiste intuigthe 2 – Riosca cúlchiste NSLT Neamhshaoil agus Sláinte, comhiomlánaithe i gcomhpháirt 3 – Riosca cúlchiste frithgheallta Neamhshaoil leis an riosca tubaiste intuigthe 4 – Riosca cúlchiste frithgheallta Neamhshaoil
C0070	Riosca cúlchiste éagsúlaithe seachas an Riosca Tubaiste intuigthe	Riosca cúlchiste comhiomlán comhlán/glan ar athárachas tar éis éifeachtaí éagsúlúcháin i measc rioscaí éagsúla a chur san áireamh. Áireofar ann riosca tubaiste má shamhaltaítear é i gcomhpháirt leis an riosca cúlchiste, seachas sin tuairisceofar riosca tubaiste ag úsáid réimsí ar leithligh mar a thuairiscítear sa roinn “Dáileadh caillteanas de bharr priacail tubaiste” den chomhad LOG seo.
C0080	Réim Ghnó SII	Riosca cúlchiste comhlán/glan ar athárachas le haghaidh LoB Shócmhainneacht II uile. Áireofar ann riosca tubaiste má shamhaltaítear é i gcomhpháirt leis an riosca cúlchiste, seachas sin tuairisceofar riosca tubaiste ag úsáid réimsí ar leithligh mar a thuairiscítear sa roinn “Dáileadh caillteanas de bharr priacail tubaiste” den chomhad LOG seo.

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
C0090	Réim Ghnó Inmheánach	Riosca cúlchiste comhlán/glan ar athárachas le haghaidh gach LoB Inmheánaigh. Áireofar ann riosca tubaiste má shamhaltaítear é i gcomhpháirt leis an riosca cúlchiste, seachas sin tuairisceofar riosca tubaiste ag úsáid réimsí ar leithligh mar a thuairiscítear sa roinn "Dáileadh caillteanas de bharr priacail tubaiste" den chomhad LOG seo.
R0070	Foráil le haghaidh éileamh gan íoc - lascainithe	An meastachán is fearr ar éilimh (comhlán ar athárachas) nach socraítear fós. Áirítear ann gach éileamh nach bhfuil socraithe fós, idir na cinn thuairiscithe agus neamhthuairiscithe. Ar bhonn Airteagal 77 de Threoir Shócmhainneacht II, comhfhreagraíonn an meastachán is fearr do mheán, atá ualaithe de réir dóchúlachta, sreabhaidh airgid sa todhchaí, amluach airgid san áireamh (luach láithreach ionchasach sreabhaidh airgid sa todhchaí), agus úsáid á baint as an struchtúr ábhartha téarma agus rátaí úis atá saor ó riosca.
R0080	Foráil Phréimhe - lascainithe (má leithdháiltear an fhoráil phréimhe ar an riosca cúlchiste agus sa chás sin amháin)	Suim lascainithe sreafaí airgid todhchaí lena gcuimsítear na forálacha préimhe, comhlán ar na méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais, meán athárachais shainchuspóirigh agus athárachas finideach maidir le gnó árachais dhírigh agus gnó arna ghlacadh. Ba cheart an chill seo a líonadh isteach má bhíonn an fhoráil phréimhe leithdháilte ar riosca cúlchiste tráth an dáta tagartha tuairiscithe.
R0090	An Ceanglas um Chaipiteal Sócmhainneachta	Is é seo an méid cistí a theastaíonn ó ghnóthais árachais agus athárachais chun a rioscaí a chumhdach. Éilítear é chun an ceanglas um chaipiteal sócmhainneachta a shainaithint le haghaidh gach réime gnó inmheánaí, LoB SII agus leibhéil chomhiomláin bunaithe ar mhéid atá comhlán ar shonraí athárachais. Léirítear leis an gcill seo riosca neamhspleách na gráinneachta faoi seach le tomhas riosca formheasta na Samhla Inmheánaí.
R0100	Meán (aschur) ionsamhlaithe	Is é sin meán na réamhaisnéise dáilte brabúis agus caillteanais de réir na cumraíochta samhla formheasta, i.e. mar ní atá ábhartha do ríomh an cheanglais oifigiúil maidir le caipiteal sócmhainneachta. Is é atá ann an t-aschur a fhaightear bunaithe ar an bpróiseas ionsamhlúcháin (comhlán ar athárachas agus ar bhonn neamhlascainithe).
R0110	Diall caighdeánach (aschur) ionsamhlaithe	Is é seo diall caighdeánach dháileadh dóchúlachta na n-eis-sreafaí airgid (cóimheas comhcheangailte) a bhaineann le teagmhais ar bhonn ionchas ama de bhliain amháin mar shampla tráth an dáta tagartha tuairiscithe. Is é atá ann an t-aschur a fhaightear bunaithe ar an bpróiseas ionsamhlúcháin (comhlán ar athárachas agus ar bhonn lascainithe).
R0120-R0330	Peircintílí ó 0,001 go 0,999	Ní mór don ghnóthas a thabhairt le fios méideanna na bpeircintílí a éilítear sa tábla maidir le dáileadh dóchúlachta na n-eis-sreafaí airgid a bhaineann le teagmhais ar bhonn ionchas ama de bhliain amháin mar shampla tráth an dáta tagartha tuairiscithe a fhaightear bunaithe ar an bpróiseas ionsamhlúcháin (comhlán ar athárachas agus ar bhonn lascainithe). Má bhíonn an tomhas riosca i gcomhréir leis an sainmhíniú ar thomhas riosca in Airteagal 101 de Threoir Shócmhainneacht II, beidh difear an mheáin (aschur) ionsamhlaithe idir peircintíl 99,5 agus SCR.

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
Sonraí samhaltúcháin glan-riosca cúlchiste		
R0340	Foráil le haghaidh éileamh gan íoc - lascainithe	An meastachán is fearr ar éilimh (glan ar mhéideanna in-aisghabhála ón athárachas) nach socraítear fós. Áirítear ann gach éileamh nach bhfuil socraithe fós, idir na cinn thuairiscithe agus neamhthuairiscithe. Ar bhonn Airteagal 77 de Threoir Shócmhainneacht II, comhfhreagraíonn an meastachán is fearr do mheán, atá ualaithe de réir dóchúlachta, sreabhaidh airgid sa todhchaí, amluach airgid san áireamh (luach láithreach ionchasach sreabhaidh airgid sa todhchaí), agus úsáid á baint as an struchtúr ábhartha téarma agus rátaí úis atá saor ó riosca.
R0350	Foráil Phréimhe - lascainithe (má leithdháiltear an fhoráil phréimhe ar an riosca cúlchiste agus sa chás sin amháin)	Suim lascainithe sreafaí airgid todhchaí lena gcuimsítear na forálacha préimhe, glan ar mhéideanna in-aisghabhála ón athárachas. Ba cheart an chill seo a líonadh isteach má bhíonn an fhoráil phréimhe leithdháilte ar riosca cúlchiste tráth an dáta tagartha tuairiscithe.
R0360	An Ceanglas um Chaipiteal Sócmhainneachta	Is é seo an méid cistí a theastaíonn ó ghnóthais árachais agus athárachais chun a rioscaí a chumhdach. Éilítear é chun an ceanglas um chaipiteal sócmhainneachta a shainaithint le haghaidh gach réime gnó inmheánaí, LoB SII agus leibhéil chomhiomláin bunaithe ar mhéid atá glan ar shonraí athárachais.
R0370	Meán (aschur) ionsamhlaithe	Is é seo meán an dáilte dóchúlachta. Is é atá ann an t-aschur a fhaightear bunaithe ar an bpróiseas ionsamhlúcháin (glan ar athárachas agus ar bhonn lascainithe).
R0380	Diall caighdeánach (aschur) ionsamhlaithe	Is é seo diall caighdeánach an dáilte dóchúlachta. Is é atá ann an t-aschur a fhaightear bunaithe ar an bpróiseas ionsamhlúcháin (glan ar athárachas agus ar bhonn lascainithe).
R0390-R0600	Peircintílí ó 0,001 go 0,999	Ní mór don ghnóthas a thabhairt le fios méideanna na bpeircintílí a éilítear sa tábla maidir le dáileadh dóchúlachta a fhaightear bunaithe ar an bpróiseas ionsamhlúcháin (glan ar athárachas agus ar bhonn lascainithe).
Sonraí samhaltúcháin riosca préimhe comhláine		
Z0020	Cineál riosca	Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – Riosca préimhe NSLT Neamhshaoil agus Sláinte comhiomlánaithe i gcomhpháirt leis an riosca tubaiste intuigthe 2 – Riosca préimhe NSLT Neamhshaoil agus Sláinte comhiomlánaithe i gcomhpháirt 3 – Riosca préimhe frithgheallta Neamhshaoil leis an riosca tubaiste intuigthe 4 – Riosca préimhe frithgheallta Neamhshaoil
C0100	Riosca préimhe éagsúlaithe seachas an Riosca Tubaiste intuigthe	Riosca préimhe comhiomlán comhlán/glan ar athárachas tar éis éifeachtaí éagsúlúcháin i measc rioscaí éagsúla a chur san áireamh. Áireofar ann riosca tubaiste má shamhaltaítear é i gcomhpháirt leis an riosca préimhe, seachas sin tuairisceofar riosca tubaiste ag úsáid cóid ar leithligh mar a thuairiscítear sa roinn "DÁILEADH CAILLTEANAS DE BHARR PRIACAIL TUBAISTE" den chomhad LOG seo.
C0110	Réim Ghnó SII	Riosca préimhe comhlán/glan ar athárachas le haghaidh LoB Shócmhainneacht II uile.

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
		Áireofar ann riosca tubaiste má shamhaltaítear é i gcomhpháirt leis an riosca préimhe, seachas sin tuairisceofar riosca tubaiste ag úsáid cóid ar leithligh mar a thuairiscítear sa roinn "DÁILEADH CAILLTEANAS DE BHARR PRIACAIL TUBAISTE" den chomhad LOG seo.
C0120	Réim Ghnó Inmheánach	Riosca préimhe comhlán/glan ar athárachas le haghaidh gach LoB Inmheánaigh. Áireofar ann riosca tubaiste má shamhaltaítear é i gcomhpháirt leis an riosca préimhe, seachas sin tuairisceofar riosca tubaiste ag úsáid cóid ar leithligh mar a thuairiscítear sa roinn "DÁILEADH CAILLTEANAS DE BHARR PRIACAIL TUBAISTE" den chomhad LOG seo.
R0610	Préimh Chomhlán Scríofa	Cuimseoidh préimheanna comhlána scríofa gach méid atá dlite le linn na bliana airgeadais i leith conarthaí árachais, a eascraíonn as gnó díreach, ainneoin go bhféadfadh baint a bheith ag na méideanna sin go hiomlán nó i bpáirt le bliain airgeadais níos deireanaí.
R0620	Préimh Thuillte Chomhlán	Is é atá ann suim na bpréimheanna comhlána scríofa lúide an t-athrú sa soláthar comhlán le haghaidh préimheanna neamhthuillte a bhaineann le gnó árachais dhírigh.
R0630	Préimh chomhlán scríofa beartaithe sa 12 mhí tar éis an dáta tagartha tuairiscithe	Préimh chomhlán a bhfuil sé beartaithe é a scríobh laistigh den 12 mhí tar éis an dáta tagartha tuairiscithe trí chomhaontuithe ceangailteacha arna síniú roimh an dáta tagartha nó ina dhiaidh.
R0640	Préimh chomhlán scríofa neamhthuillte tráth an Dáta Tagartha (má leithdháiltear an fhoráil phréimhe ar an riosca préimhe agus sa chás sin amháin)	Préimh scríofa neamhthuillte comhlán ar athárachas. Ba cheart an chill seo a líonadh isteach má bhíonn an fhoráil phréimhe leithdháilte ar riosca préimhe tráth an dáta tagartha tuairiscithe.
R0650	Foráil Phréimhe - lascainithe (má leithdháiltear an fhoráil phréimhe ar an riosca préimhe agus sa chás sin amháin)	Suim lascainithe sreafaí airgid todhchaí lena gcuimsítear na forálacha préimhe, comhlán ar na méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais, meán athárachais shainchuspóirigh agus athárachas finideach maidir le gnó árachais dhírigh agus gnó arna ghlacadh. Ba cheart an chill seo a líonadh isteach má bhíonn an fhoráil phréimhe leithdháilte ar riosca préimhe tráth an dáta tagartha tuairiscithe.
R0660	An Ceanglas um Chaipiteal Sócmhainneachta	Is é seo an méid cistí a theastaíonn ó ghnóthais árachais agus athárachais chun a rioscaí a chumhdach. Éilítear é chun an ceanglas um chaipiteal sócmhainneachta a shainaithint le haghaidh gach réime gnó inmheánaí, LoBanna SII agus leibhéil chomhiomláin bunaithe ar mhéid atá comhlán ar shonraí athárachais.
R0670	Meán (aschur) ionsamhlaithe	Is é seo meán chóimheas caillteanais an dáilte dóchúlachta. Is é atá ann an t-aschur a fhaightear bunaithe ar an bpróiseas ionsamhlúcháin (comhlán ar athárachas agus ar bhonn lascainithe).
R0680	Diall caighdeánach (aschur) ionsamhlaithe	Is é seo diall caighdeánach an dáilte dóchúlachta. Is é atá ann an t-aschur a fhaightear bunaithe ar an bpróiseas ionsamhlúcháin (comhlán ar athárachas agus ar bhonn lascainithe).
R0690-R0900	Peircintílí ó 0,001 go 0,999	Ní mór don ghnóthas a thabhairt le fios méideanna na bpeircintílí a éilítear sa tábla maidir le dáileadh dóchúlachta a fhaightear bunaithe ar an bpróiseas ionsamhlúcháin (comhlán ar athárachas agus ar bhonn lascainithe).

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
Sonraí samhaltúcháin glanriosca préimhe		
R0910	Glanphréimh Scríofa	Cuimseoidh glanphréimheanna scríofa gach méid atá dlite le linn na bliana airgeadais i leith conarthaí árachais, a eascraíonn as gnó díreach, ainneoin go bhféadfadh baint a bheith ag na méideanna sin go hiomlán nó i bpáirt le bliain airgeadais níos deireanaí.
R0920	Glanphréimh Thuillte	Is é atá ann suim na nglanphréimheanna scríofa lúide an t-athrú sa ghlansoláthar le haghaidh préimheanna neamhthuillte a bhaineann le gnó árachais dhírigh.
R0930	Glanphréimh scríofa beartaithe sa 12 mhí tar éis an dáta tagartha	Glanphréimh a bhfuil sé beartaithe é a scríobh laistigh den 12 mhí tar éis an dáta tagartha tuairiscithe trí chomhaontuithe ceangailteacha arna síniú roimh an dáta tagartha nó ina dhiaidh.
R0940	Glanphréimh scríofa neamhthuillte tráth an Dáta Tagartha (má leithdháiltear an fhoráil phréimhe ar an riosca préimhe agus sa chás sin amháin)	Préimh scríofa neamhthuillte glan ar athárachas. Ba cheart an chill seo a líonadh isteach má bhíonn an fhoráil phréimhe leithdháilte ar riosca préimhe tráth an dáta tagartha tuairiscithe.
R0950	Foráil Phréimhe - lascainithe (má leithdháiltear an fhoráil phréimhe ar an riosca préimhe agus sa chás sin amháin)	Suim lascainithe sreafaí airgid todhchaí lena gcuimsítear na forálacha préimhe, glan ar mhéideanna in-aisghabhála ón athárachas. Ba cheart an chill seo a líonadh isteach má bhíonn an fhoráil phréimhe leithdháilte ar riosca préimhe tráth an dáta tagartha tuairiscithe.
R0960	An Ceanglas um Chaipiteal Sócmhainneachta	Is é seo an méid cistí a theastaíonn ó ghnóthais árachais agus athárachais chun a rioscaí a chumhdach. Éilítear é chun an ceanglas um chaipiteal sócmhainneachta a shainaithint le haghaidh gach réime gnó inmheánaí, LoBanna SII agus leibhéil chomhiomláin bunaithe ar mhéid atá glan ar shonraí athárachais.
R0970	Meán (aschur) ionsamhlaithe	Is é seo meán an dáilte dóchúlachta. Is é atá ann an t-aschur a fhaightear bunaithe ar an bpróiseas ionsamhlúcháin (glan ar athárachas agus ar bhonn lascainithe).
R0980	Diall caighdeánach ionsamhlaithe	Is é seo diall caighdeánach an dáilte dóchúlachta. Is é atá ann an t-aschur a fhaightear bunaithe ar an bpróiseas ionsamhlúcháin (glan ar athárachas agus ar bhonn lascainithe).
R0990-R1200	Peircintílí ó 0,001 go 0,999	Ní mór don ghnóthas a thabhairt le fios méideanna na bpeircintílí a éilítear sa tábla maidir le dáileadh dóchúlachta a fhaightear bunaithe ar an bpróiseas ionsamhlúcháin (glan ar athárachas agus ar bhonn lascainithe).
NLST Foriomlán Neamhshaoil agus Sláinte, comhlán ar athárachas		
Z0020	Cineál riosca	Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – Riosca préimhe agus riosca cúlchiste NSLT Neamhshaoil agus Sláinte comhiomlánaithe i gcomhpháirt leis an riosca tubaiste intuigthe 2 – Riosca préimhe agus riosca cúlchiste NSLT Neamhshaoil agus Sláinte comhiomlánaithe i gcomhpháirt

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
		3 – Riosca préimhe agus riosca cúlchiste frithgheallta Neamhshaoil leis an riosca tubaiste intuigthe 4 – Riosca préimhe agus riosca cúlchiste frithgheallta Neamhshaoil 5 – Riosca préimhe agus riosca cúlchiste frithgheallta NLST Sláinte arna chomhiomlánú ar leithligh leis an riosca tubaiste intuigthe 6 – Riosca préimhe agus riosca cúlchiste frithgheallta NLST Sláinte arna chomhiomlánú ar leithligh
C0130	Iomlán neamh-éagsúlaithe	Méid foriomlán an riosca frithgheallta NSLT neamhshaoil agus sláinte sula gcuirtear éifeachtaí éagsúlúcháin i measc rioscaí éagsúla neamhshaoil i bhfeidhm. Áireofar sa mhéid seo riosca tubaiste má shamhaltaítear é i gcomhpháirt leis an riosca préimhe agus an riosca cúlchiste, seachas sin tuairisceofar riosca tubaiste ag úsáid cóid ar leithligh mar a thuairiscítear sa roinn "DÁILEADH CAILLTEANAS DE BHARR PRIACAIL TUBAISTE" den chomhad LOG seo.
C0140	An tÉagsúlú	An difríocht idir an riosca frithgheallta NSLT neamhshaoil agus sláinte iomlán neamh-éagsúlaithe neamhspleách agus an riosca frithgheallta neamhshaoil éagsúlaithe. Is é atá sa mhéid seo an éifeacht éagsúlúcháin agus tuairisceofar é mar luach diúltach.
C0150	Éagsúlaithe	Méid iomlán an riosca frithgheallta NSLT neamhshaoil agus sláinte tar éis chur i bhfeidhm na n-éifeachtaí éagsúlúcháin i measc rioscaí éagsúla. Áireofar sa mhéid seo riosca tubaiste má shamhaltaítear é i gcomhpháirt leis an riosca préimhe agus an riosca cúlchiste, seachas sin tuairisceofar riosca tubaiste ag úsáid cóid ar leithligh mar a thuairiscítear sa roinn "DÁILEADH CAILLTEANAS DE BHARR PRIACAIL TUBAISTE" den chomhad LOG seo.
R1210	An Ceanglas um Chaipiteal Sócmhainneachta	Is é seo an méid cistí a theastaíonn ó ghnóthais árachais agus athárachais chun a rioscaí a chumhdach. Éilítear é chun an ceanglas um chaipiteal sócmhainneachta a shainaithint le haghaidh gach réime gnó inmheánaí, LoBanna SII agus leibhéil chomhiomláin bunaithe ar mhéid atá comhlán ar shonraí athárachais.
R1220	Meán (aschur) ionsamhlaithe	Is é seo meán an dáilte dóchúlachta. Is é atá ann an t-aschur a fhaightear bunaithe ar an bpróiseas ionsamhlúcháin (comhlán ar athárachas agus ar bhonn lascainithe).
R1230	Diall caighdeánach (aschur) ionsamhlaithe	Is é seo diall caighdeánach an dáilte dóchúlachta. Is é atá ann an t-aschur a fhaightear bunaithe ar an bpróiseas ionsamhlúcháin (comhlán ar athárachas agus ar bhonn lascainithe).
R1240-R1450	Peircintílí ó 0,001 go 0,999	Ní mór don ghnóthas a thabhairt le fios méideanna na bpeircintílí a éilítear sa chairt maidir le dáileadh dóchúlachta a fhaightear bunaithe ar an bpróiseas ionsamhlúcháin (comhlán ar athárachas agus ar bhonn lascainithe).

NLST Foriomlán Neamhshaoil agus Sláinte, glan ar athárachas

R1460	An Ceanglas um Chaipiteal Sócmhainneachta	Is é seo an méid cistí a theastaíonn ó ghnóthais árachais agus athárachais chun a rioscaí a chumhdach. Éilítear é chun an ceanglas um chaipiteal sócmhainneachta a shainaithint le haghaidh gach réime gnó inmheánaí, LoBanna SII agus leibhéil chomhiomláin bunaithe ar mhéid atá glan ar shonraí athárachais.

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
R1470	Meán (aschur) ionsamhlaithe	Is é seo meán an dáilte dóchúlachta. Is é atá ann an t-aschur a fhaightear bunaithe ar an bpróiseas ionsamhlúcháin (glan ar athárachas agus ar bhonn lascainithe).
R1480	Diall caighdeánach (aschur) ionsamhlaithe	Is é seo diall caighdeánach an dáilte dóchúlachta. Is é atá ann an t-aschur a fhaightear bunaithe ar an bpróiseas ionsamhlúcháin (glan ar athárachas agus ar bhonn lascainithe).
R1490-R1700	Peircintílí ó 0,001 go 0,999	Ní mór don ghnóthas a thabhairt le fios méideanna na bpeircintílí a éilítear sa chairt maidir le dáileadh dóchúlachta a fhaightear bunaithe ar an bpróiseas ionsamhlúcháin (glan ar athárachas agus ar bhonn lascainithe).
Dáileadh caillteanas de bharr Priacail Tubaiste		
C0020	Cineálacha a ndéanann an teagmhas tubaiste difear dóibh	Liosta na gcineálacha uile a ndéanann an teagmhas tubaiste difear dóibh i gcás an phriacail ábhartha.
C0160	Tubaiste	Ainm an tubaiste nádúrtha nó an phriacail de dhéantús an duine in aghaidh an réigiúin samhaltaithe. Cuir ainm an réigiúin agus an phriacail san áireamh. Ná húsáid ainmneacha cineálacha mar shampla réigiún1 ná priacal1. Moltar go dtabharfaí ainmneacha na bpriacal agus na réigiúnacha i mBéarla.
C0170	Samhail díoltóra, a bhí ar fáil ar bhonn tráchtála, a úsáideadh (más infheidhme)	Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: — Tá — Níl
C0180	Ainm agus leagan na samhla díoltóra, a bhí ar fáil ar bhonn tráchtála, a úsáideadh (más infheidhme)	Má úsáidtear samhail díoltóra, atá ar fáil ar bhonn tráchtála, sa tsamhail inmheánach don phriacal, ba cheart ainm na samhla agus leagan na samhla ar a bhfuil na hionsamhlúcháin bunaithe a bheith sa réimse seo.
C0190	Faisnéis míniúcháin (mura mbíonn caillteanas AEP ar fáil)	Soláthair faisnéis ghairid bheacht ar an tsamhail agus na cúiseanna, mura mbíonn an réimse “caillteanas AEP” ar fáil. Má aontaíodh amhlaidh leis an an stiúrthóir atá freagrach, d'fhéadfaí an réimse seo a úsáid chun faisnéis maidir le cur chuige samhaltúcháin i gcásanna eile a sholáthar.
C0200	Suim iomlán atá faoi árachas	Ní mór don ghnóthas árachais nó athárachais an méid iomlán atá faoi árachas le haghaidh gnó árachais dhírigh a thuairisciú de réir priacail agus réigiúin.
C0210	Méid na neamhchosanta	An méid neamhchosanta a úsáideann an gnóthas, méid a aontaíodh leis an stiúrthóir freagrach. Féadann an mhéadracht a úsáidtear a bheith éagsúil ag brath ar na priacail agus na réigiúin.
C0220	Méadracht neamhchosanta	Tuairisc ghairid ar an méadracht neamhchosanta a úsáidtear sa cholún roimhe seo (C6).
Dáileadh caillteanas de bharr Priacail Tubaiste - Iomlán an ghnó (réadmhaoine agus neamh-réadmhaoine)		
Z0010	Réim ghnó inmheánach	Ainm na réime gnó inmheánaí a úsáideann an gnóthas.
C0230-C0400/R1710	An meán ionsamhlaithe ón tsamhail le haghaidh Iomlán an ghnó (réadmhaoine agus neamh-réadmhaoine)	Is é seo meán an dáilte dóchúlachta a chomhfhreagraíonn do gach priacal agus comhiomlán de phriacail. Is é atá ann an t-aschur a fhaightear bunaithe ar an bpróiseas ionsamhlúcháin. Ba cheart an meán a thuairisciú leis na deighiltí a leanas: — Meán OEP i gcás gach gnólachta, comhlán ar athárachas — Meán AEP i gcás gach gnólachta, comhlán ar athárachas

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
		— Meán an Chaillteanais bhliantúil i gcás gach gnólachta, comhlán ar athárachas — Meán OEP i gcás gach gnólachta, glan ar athárachas — Meán AEP i gcás gach gnólachta, glan ar athárachas — Meán an Chaillteanais bhliantúil i gcás gach gnólachta, glan ar athárachas Ní hionann "Caillteanas bliantúil" agus "Meánchaillteanas Bliantúil" (AAL), ach is é an caillteanas a chinntear de réir an tomhais staidrimh, i.e. meán, diall caighdeánach nó peircintíl. Baineann AAL leis an meánchaillteanas bliantúil.
C0230-C0400/R1720	An diall caighdeánach ionsamhlaithe le haghaidh Iomlán an ghnó (réadmhaoine agus neamh-réadmhaoine)	Is é seo diall caighdeánach an dáilte dóchúlachta a chomhfhreagraíonn do gach priacal agus comhiomlán de phriacail. Is é atá ann an t-aschur a fhaightear bunaithe ar an bpróiseas ionsamhlúcháin. Ba cheart an diall caighdeánach a thuairisciú leis an deighilt chéanna atá ag an Meán ionsamhlaithe.
C0230-C0400/R1730-R1810	Peircintílí ionsamhlaithe le haghaidh Iomlán an ghnó (réadmhaoine agus neamh-réadmhaoine)	Peircintílí dáilte dóchúlachta a fhaightear bunaithe ar an bpróiseas ionsamhlúcháin le haghaidh gach priacail agus comhiomlán de phriacail. Is iad 0,75, 0,9, 0,96, 0,98, 0,99, 0,995, 0,996, 0,998 agus 0,999 na peircintílí tuairiscithe. Tuairisceofar an fhaisnéis le haghaidh gach peircintíle ar leithligh leis an deighilt chéanna atá ag an Meán ionsamhlaithe.

Sonraí na préimhe agus suimeanna faoi árachas

C0410/R1820-R1950	Préimh Chomhlán Bhliantúil – Árachas díreach	Deighilt na préimhe comhláine bliantúla scríofa le haghaidh gnó árachais dhírigh de réir réigiún geografach. Is iad na réigiúin gheografacha a leanas na cinn atá le húsáid: an Eoraip, an Afraic, Oirthuaisceart na Stát Aontaithe, Oirdheisceart na Stát Aontaithe, Iarthar Láir na Stát Aontaithe, Iarthar na Stát Aontaithe, Meiriceá Thuaidh (seachas na Stáit Aontaithe), Muir Chairib agus Meiriceá Láir, Meiriceá Theas, an Astráil, an tSeapáin, an Áise (seachas an tSeapáin) agus an Chuid eile den Domhan. Ba cheart aon phréimh neamh-leithdháilte a chur sa Bhuicéad neamh-leithdháilte. Is féidir sainmhíniú ar na limistéir gheografacha sin a fháil in Iarscríbhinn III de RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2015/35. ÓN gCOIMISIÚN. Nuair is forthacar de na réigiúin shainmhínithe sa rialachán tarmligthe é ceann de na réigiúin gheografacha thuas, ba cheart na tíortha uile sna fothacair a mheas don réigiún sin. An t-aon eisceacht anseo is ea an tSeapáin, tír atá dealaithe ón gcuid eile den Áise.
C0420/R1820-R1950	Suim Iomlán atá faoi Árachas – Árachas díreach	Deighilt na suime iomláine faoi árachas le haghaidh gnó árachais dhírigh de réir réigiún geografach. Is iad na réigiúin gheografacha a leanas na cinn atá le húsáid: an Eoraip, an Afraic, Oirthuaisceart na Stát Aontaithe, Oirdheisceart na Stát Aontaithe, Iarthar Láir na Stát Aontaithe, Iarthar na Stát Aontaithe, Meiriceá Thuaidh (seachas na Stáit Aontaithe), Muir Chairib agus Meiriceá Láir, Meiriceá Theas, an Astráil, an tSeapáin, an Áise (seachas an tSeapáin) agus an Chuid eile den Domhan. Ba cheart aon phréimh neamh-leithdháilte a chur sa Bhuicéad neamh-leithdháilte. Is féidir sainmhíniú ar na limistéir gheografacha sin a fháil in Iarscríbhinn III de RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2015/35. ÓN gCOIMISIÚN. Nuair is forthacar de na réigiúin shainmhínithe sa rialachán tarmligthe é ceann de na réigiúin gheografacha thuas, ba cheart na tíortha uile sna fothacair a mheas don réigiún sin. An t-aon eisceacht anseo is ea an tSeapáin, tír atá dealaithe ón gcuid eile den Áise.

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
C0410/R1960-R1990	Préimh Chomhlán Bhliantúil – Athárachas	Ní mór don ghnóthas árachais nó athárachais a phréimh chomhlán bhliantúil scríofa le haghaidh athárachais a dheighilt de réir réigiún geografach. Is iad an Eoraip, Meiriceá Thuaidh agus an Chuid eile den Domhan na réigiúin gheografacha atá le húsáid. Ba cheart aon phréimh neamh-leithdháilte a chur sa Bhuicéad neamh-leithdháilte.
C0420/R1960-R1990	Suim Iomlán atá faoi Árachas – Athárachas	Ní mór don ghnóthas árachais nó athárachais a shuim iomlán faoi árachas le haghaidh athárachais a dheighilt de réir réigiún geografach. Is iad an Eoraip, Meiriceá Thuaidh agus an Chuid eile den Domhan na réigiúin gheografacha atá le húsáid. Ba cheart aon phréimh neamh-leithdháilte a chur sa Bhuicéad neamh-leithdháilte.
DEIGHILT AN IONCAIM PRÉIMHE		
C0430/R2000	Athárachas díreach	Ioncam préimhe (préimh chomhlán leithdháilte scríofa a thuartar don chéad 12 mhí eile mar a úsáidtear sa tsamhail) le haghaidh ghnó árachais dhírigh an ghnóthais árachais nó athárachais.
C0430/R2010	Athárachas	Ioncam préimhe (préimh chomhlán leithdháilte scríofa a thuartar don chéad 12 mhí eile mar a úsáidtear sa tsamhail) le haghaidh ghnó árachais an ghnóthais árachais nó athárachais.
C0430/R2020	Aisghéilleadh	Ioncam préimhe (préimh chomhlán leithdháilte scríofa a thuartar don chéad 12 mhí eile mar a úsáidtear sa tsamhail) le haghaidh aisghéilleadh an ghnóthais árachais nó athárachais.
PRIACAIL SHUNTASACHA EILE		
C0440/R2030	Priacail shuntasacha eile	Ba cheart don ghnóthas árachais nó athárachais a thabhairt le fios anseo le "Tá" cé acu atá nó nach bhfuil priacail shuntasacha eile, nach n-áirítear in NatCat nó Priacail de dhéantús an duine, ag baint lena ghnó, ach seachas sin ba cheart "Níl" a bheith sa chill seo.
C0440/R2040	Tuairisc ar phriacail eile	Má bhíonn "Tá", sa chill thuas, ba cheart don ghnóthas árachais nó athárachais tuairisc téacs a sholáthar anseo maidir leis an bpriacal suntasach/na priacail shuntasacha eile sin.
COMHIOMLÁNÚ SCR PRIACAIL – Arna thuairisciú glan ar árachas		
C0450/R2050	Riosca NatCat neamh-éagsúlaithe iomlán	Suim SCR ar leithligh do na priacail riosca NatCat uile.
C0450/R2060	Éagsúlú idir priacail NatCat	Éifeacht éagsúlúcháin ar SCR idir priacail NatCat. Arna ríomh mar SCR le haghaidh priacal riosca NatCat - Suim SCR ar leithligh do na priacail riosca NatCat uile.
C0450/R2070	Riosca neamh-éagsúlaithe iomlán de dhéantús an duine	Suim SCR uile do na priacail riosca uile de dhéantús an duine.
C0450/R2080	Éagsúlú idir priacail de dhéantús an duine	Éifeacht éagsúlaithe ar SCR idir priacail de dhéantús an duine. Arna ríomh mar SCR le haghaidh priacal riosca de dhéantús an duine - Suim SCR ar leithligh do na priacail riosca uile de dhéantús an duine.
C0450/R2090	Riosca tubaiste neamhshaoil eile	SCR le haghaidh riosca tubaiste neamhshaoil eile.

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
C0450/R2100	Éagsúlú idir priacail tubaiste neamhshaoil eile	Éifeacht éagsúlúcháin ar SCR idir Priacail eile. Arna ríomh mar SCR le haghaidh Priacail riosca eile - Suim SCR ar leithligh do na Priacail riosca uile eile.
C0450/R2110	Riosca tubaiste neamhshaoil - éagsúlú iomlán	Éifeacht éagsúlúcháin ar SCR idir Priacail NatCat, Priacail de dhéantús an duine agus Priacail eile. Arna ríomh mar SCR le haghaidh Riosca tubaiste - SCR le haghaidh Priacal riosca SCR - SCR le haghaidh na bPriacal riosca uile de dhéantús an duine - SCR le haghaidh na bPriacal riosca uile Eile.
C0450/R2120	Riosca tubaiste neamhshaoil iomlán - éagsúlaithe	SCR le haghaidh Riosca tubaiste.

S.26.14 – Samhail inmheánach: Riosca frithgheallta Saoil agus Sláinte

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh eintitis aonair.

Tuairisceofar an teimpléad seo bunaithe ar an infhaighteacht sonraí de réir ailtireacht na samhla inmheánaí agus na próifíle riosca i gcás inar féidir le hiarracht réasúnach. Na sonraí a bheidh le tuairisciú, comhaontófar iad idir údaráis mhaoirseachta náisiúnta agus gnóthais árachais agus athárachais.

Sa teimpléad seo, tuairiscítear torthaí samhlacha inmheánacha le haghaidh riosca frithgheallta SLT Saoil agus Sláinte. Má chomhtháthaíonn árachóirí riosca frithgheallta NSLT Sláinte i struchtúr samhla an riosca frithgheallta SLT Saoil agus Sláinte, ba cheart torthaí na samhla NSLT Sláinte a thuairisciú sa teimpléad seo freisin.

Ag brath ar struchtúr shamhaltú an riosca frithgheallta SLT Saoil agus Sláinte, ba cheart ceann den dá chur chuige le haghaidh riosca fadsaolaí agus mortlaíochta a úsáid. Más é go samhaltaítear na rioscaí Mortlaíochta agus Fadsaolaí le chéile mar gheall ar an struchtúr samhla inmheánach, ní thuairisceofar ach R0270 le haghaidh na rioscaí seo i gcás ina gcomhcheanglaítear na rioscaí sin.

Go ginearálta, mura féidir na cealla a thuairisciú go ciallmhar, ba cheart rogha mhalartach a roghnú. Mar shampla, mura féidir le gnóthas samhaltú treochta, leibhéil nó luaineachta a scaradh laistigh d'fhomhodúl, ba cheart faisnéis a sholáthar ar an leibhéal comhiomlán comhfhreagrach.

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
ROGHA 1 – RIOSCA SAOIL		
C0010/R0010, R0060, R0250, R0270 C0030-C0040/R0110	Glan dliteanas an Mheastacháin is Fearr + Forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine	Tuairisceofar an meastachán is fearr glan ar athárachas agus tagraítear leis do tháirgí na punainne árachais saoil atá íogair i ndáil leis an gcatagóir riosca ábhartha. Ba cheart forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine a thabhairt isteach freisin. Baineann an deighilt le haghaidh chomhiomlán an riosca míchumais/galrachta leis na blianachtaí a íoctar amach ("APO") nó nach n-íoctar amach ("ANPO"). Má thuairiscítear R0270, ní thuairisceofar R0010 (Mortlaíocht) ná R0060 (Fad saoil).
C0050/R0010, R0060, R0110, R0250, R0270	Glanphréimheanna Scríofa	Tuairisceofar iomlán na bpréimheanna scríofa glan ar athárachas le haghaidh tháirgí na punainne árachais saoil atá íogair i ndáil leis an gcatagóir riosca ábhartha. Má thuairiscítear R0270, ní thuairisceofar R0010 (Mortlaíocht) ná R0060 (Fad saoil).

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
C0060/R0010, R0060, R0110, R0250, R0270	Suim faoi árachas	Tuairisceofar an tsuim iomlán atá faoi árachas le haghaidh tháirgí na punainne árachais saoil atá íogair i ndáil leis an gcatagóir riosca ábhartha. Má thuairiscítear R0270, ní thuairisceofar R0010 (Mortlaíocht) ná R0060 (Fad saoil).
C0070/R0010-R0270	Ceanglais um Chaipiteal Sócmhainneachta	SCR le haghaidh na catagóire ábhartha riosca, glan ar athárachas. Tá feidhm ag na mínithe a leanas i gcás C0070 – C0260: Maidir leis na rioscaí comhiomlána, ba cheart SCR tar éis chomhiomlánú na bhforioscaí foluiteacha a thuairisciú. Maidir leis an riosca dul i léig, tá feidhm ag an méid a leanas: — Cumhdaítear le "dul i léig" feidhmiú roghanna conarthacha de réir na céille ginearálta. — Is rioscaí dul in éag seachas ollriosca dul in éag é an riosca maidir le méadú ar rioscaí dul in éag (R0170) agus laghdú ar rioscaí dul in éag (R0180), i gcás ina gcumhdaítear le R0170 (R0180) an chuid den ghnó as a dtagann caillteanas má thagann méadú (laghdú) ar rioscaí dul in éag mar a shainmhínítear sa tsamhail inmheánach. — Is riosca carntha nó riosca tubaiste dul in éag mar a shainmhínítear sa tsamhail inmheánach é an t-ollriosca dul in éag (R0190). — Cumhdaítear le "deighilt de chineál riosca dul in éag (seachas ollriosca dul in éag)" neamh-ollriosca dul in éag mura mbíonn deighilt i méadú/laghdú ar fáil agus tairgtear leis deighilt i dtrí gharbhchatagóir: "géilleadh iomlán", i.e. foirceannadh an chonartha, "géilleadh páirteach" agus "eile" lena bhfeidhmítear roghanna conarthacha nó "Iompraíocht an tsealbhóra beartais". Má thuairiscítear R0270, ní thuairisceofar R0010 go R0100.
C0080/R0010-R0270	Meán	Meán an dáilte dóchúlachta SCR ghlain Má thuairiscítear R0270, ní thuairisceofar R0010 go R0100.
C0090/R0010-R0270	Diall caighdeánach	Diall caighdeánach an dáilte dóchúlachta SCR ghlain Má thuairiscítear R0270, ní thuairisceofar R0010 go R0100.
C0100-C0310/R0010-R0270	Peircintílí ó 0,001 go 0,999	Ní mór do na gnóthais árachais agus athárachais a thabhairt le fios méideanna na bpeircintílí a éilítear sa tábla maidir le dáileadh dóchúlachta a fhaightear bunaithe ar an bpróiseas ionsamhlúcháin (glan ar athárachas agus ar bhonn lascainithe). Má thuairiscítear R0270, ní thuairisceofar R0010 go R0100.

ROGHA 2 – RIOSCA SAOIL

Le líonadh isteach má bhíonn deighilt idir an riosca Treochta agus an riosca Leibhéil sa tsamhail inmheánach agus sa chás sin amháin. Sa chás sin, úsáidfear an teimpléad a leanas (S.26.14.01.02) in ionad an teimpléid thuas (S.26.14.01.01).

C0010/R0300	Glan dliteanas an Mheastacháin is Fearr + Forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine	Tuairisceofar meastachán is fearr an riosca tubaiste glan ar athárachas agus tagraítear leis do tháirgí na punainne árachais saoil atá íogair i ndáil leis an gcatagóir riosca ábhartha. Ba cheart forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine a thabhairt isteach freisin.

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
C0050/R0300	Glanphréimheanna Scríofa	Tuairisceofar iomlán na nglanphréimheanna scríofa le haghaidh an riosca tubaiste le haghaidh tháirgí na punainne árachais saoil atá íogair i ndáil leis an gcatagóir riosca ábhartha.
C0060/R0300	Suim faoi árachas	Tuairisceofar an tsuim iomlán atá faoi árachas le haghaidh riosca tubaiste le haghaidh tháirgí na punainne árachais saoil atá íogair i ndáil leis an gcatagóir riosca ábhartha.
C0070/R0280-R0300	Ceanglais um Chaipiteal Sócmhainneachta	SCR le haghaidh na catagóire ábhartha riosca, glan ar athárachas. Maidir leis na rioscaí comhiomlána, ba cheart SCR glan tar éis chomhiomlánú na bhfomhodúl foluiteach a thuairisciú.
C0080/R0280-R0300	Meán	Meán an dáilte dóchúlachta SCR
C0090/R0280-R0300	Diall caighdeánach	Diall caighdeánach an dáilte dóchúlachta SCR ghlain
C0100-C0310/R0280-R0300	Peircintílí ó 0,001 go 0,999	Ní mór do na gnóthais árachais agus athárachais a thabhairt le fios méideanna na bpeircintílí a éilítear sa tábla maidir le dáileadh dóchúlachta a fhaightear bunaithe ar an bpróiseas ionsamhlúcháin (glan ar athárachas agus ar bhonn lascainithe).

ROGHA 1 – RIOSCA SLÁINTE

Z0010	An cineál riosca Sláinte a shamhaltaítear i Saol & Sláinte?	Tá 3 rogha sa liosta iata: SLT, NSLT agus SLT+NSLT
C0010/R0310, R0360, R0560 C0030-C0040/R0410-R0460	Glan dliteanas an Mheastacháin is Fearr + Forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine	Tuairisceofar an meastachán is fearr glan ar athárachas agus tagraítear leis do tháirgí na punainne árachais sláinte atá íogair i ndáil leis an gcatagóir riosca ábhartha. Ba cheart forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine a thabhairt isteach freisin. Baineann an deighilt le haghaidh chomhiomlán an riosca míchumais/galrachta leis na blianachtaí a íoctar amach (“APO”) nó nach n-íoctar amach (“ANPO”).
C0050/R0310, R0360, R0410-R0460, R0560	Glanphréimheanna Scríofa	Tuairisceofar iomlán na nglanphréimheanna scríofa le haghaidh tháirgí na punainne árachais sláinte atá íogair i ndáil leis an gcatagóir riosca ábhartha.
C0060/R0310, R0360, R0410-R0460, R0560	Suim faoi árachas	Tuairisceofar an tsuim iomlán atá faoi árachas le haghaidh tháirgí na punainne árachais sláinte atá íogair i ndáil leis an gcatagóir riosca ábhartha.
C0070/R0310-R0570	Ceanglais um Chaipiteal Sócmhainneachta	SCR le haghaidh na catagóire ábhartha riosca, glan ar athárachas. Tá feidhm ag na mínithe a leanas i gcás C0070 – C0260: Maidir leis na rioscaí comhiomlána, ba cheart SCR tar éis chomhiomlánú na bhfomhodúl foluiteach a thuairisciú.

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
		Maidir leis an riosca dul i léig, tá feidhm ag an méid a leanas: — Cumhdaítear le “dul i léig” feidhmiú roghanna conarthacha de réir na céille ginearálta. — Is rioscaí dul in éag seachas ollriosca dul in éag é an riosca maidir le méadú ar rioscaí dul in éag (R0480) agus laghdú ar rioscaí dul in éag (R0490), i gcás ina gcumhdaítear le R0480 (R0490) an chuid den ghnó as a dtagann caillteanas má thagann méadú (laghdú) ar rioscaí dul in éag mar a shainmhínítear sa tsamhail inmheánach. — Is riosca carntha nó riosca tubaiste dul in éag mar a shainmhínítear sa tsamhail inmheánach é an t-ollriosca dul in éag (R0500). Cumhdaítear le “deighilt de chineál riosca dul in éag (seachas ollriosca dul in éag)” neamh-ollriosca dul in éag mura mbíonn deighilt i méadú/laghdú ar fáil agus tairgtear leis deighilt i dtrí gharbhchatagóir: “géilleadh iomlán”, i.e. foirceannadh an chonartha, “géilleadh páirteach” agus “eile” lena bhfeidhmítear roghanna conarthacha nó “Iompraíocht an tsealbhóra beartais”.
C0080/R0310-R0570	Meán	Meán an dáilte dóchúlachta SCR ghlain
C0090/R0310-R0570	Diall caighdeánach	Diall caighdeánach an dáilte dóchúlachta SCR ghlain
C0100-C0310/R0310-R0570	Peircintílí ó 0,001 go 0,999	Ní mór do na gnóthais árachais agus athárachais a thabhairt le fios méideanna na bpeircintílí a éilítear sa tábla maidir le dáileadh dóchúlachta a fhaightear bunaithe ar an bpróiseas ionsamhlúcháin (glan ar athárachas agus ar bhonn lascainithe).

ROGHA 2 – RIOSCA SLÁINTE

Le líonadh isteach má bhíonn deighilt idir an riosca Treochta agus an riosca Leibhéil sa tsamhail inmheánach agus sa chás sin amháin. Sa chás sin, úsáidfear an teimpléad a leanas (S.26.14.01.05) in ionad an teimpléid thuas (S.26.14.01.03).

C0010/R0600	Glan dliteanas an Mheastacháin is Fearr + Forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine	Tuairisceofar an meastachán is fearr glan ar athárachas agus tagraítear leis do tháirgí na punainne árachais sláinte atá íogair i ndáil leis an gcatagóir riosca ábhartha. Ba cheart forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine a thabhairt isteach freisin. Baineann an deighilt le haghaidh chomhiomlán an riosca míchumais/galrachta leis na blianachtaí a íoctar amach (“APO”) nó nach n-íoctar amach (“ANPO”).
C0050/R0600	Glanphréimheanna Scríofa	Tuairisceofar iomlán na nglanphréimheanna scríofa le haghaidh tháirgí na punainne árachais sláinte atá íogair i ndáil leis an gcatagóir riosca ábhartha.
C0060/R0600	Suim faoi árachas	Tuairisceofar an tsuim iomlán atá faoi árachas le haghaidh tháirgí na punainne árachais sláinte atá íogair i ndáil leis an gcatagóir riosca ábhartha.
C0070/R0580-R0600	Ceanglais um Chaipiteal Sócmhainneachta	SCR le haghaidh na catagóire ábhartha riosca, glan ar athárachas. Maidir leis na rioscaí comhiomlána, ba cheart SCR glan tar éis chomhiomlánú na bhfomhodúl foluiteach a thuairisciú.

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
C0080/R0580-R0600	Meán	Meán an dáilte dóchúlachta SCR ghlain
C0090/R0580-R0600	Diall caighdeánach	Diall caighdeánach an dáilte dóchúlachta SCR ghlain
C0100-C0310/R0580-R0600	Peircintílí ó 0,001 go 0,999	Ní mór do na gnóthais árachais agus athárachais a thabhairt le fios méideanna na bpeircintílí a éilítear sa tábla maidir le dáileadh dóchúlachta a fhaightear bunaithe ar an bpróiseas ionsamhlúcháin (glan ar athárachas agus ar bhonn lascainithe).

CEANGLAIS UM CHAIPITEAL SÓCMHAINNEACHTA

C0320/R0610	Riosca éagsúlaithe iomlán: Riosca frithgheallta saoil, Riosca frithgheallta Sláinte, riosca frithgheallta Saoil agus Sláinte	Suim na (fo-)SCRanna uile. I gcás "dul in éag", roghnaigh an tsuim de réir mar is iomchuí i ndáil leis na deighiltí a thugtar ar an leibhéal is gráinní. Samplaí: (1) Má bhíonn méadú ar an riosca dul in éag agus laghdú ar an riosca dul in éag agus an t-ollriosca dul in éag ar fáil, suimigh iad sin. Gan beann ar infhaighteacht na deighilte dul in éag. (2) Má bhíonn an t-ollriosca dul in éag agus an deighilt dul in éag ar fáil, chomh maith le foleibhéil deighilte dul in éag, úsáid suim an ollriosca dul in éag agus na deighilte dul in éag. Mura mbíonn ach foleibhéil den deighilt dul in éag ar fáil, roghnaigh iad sin.
C0320/R0620	An tÉagsúlú: Riosca frithgheallta saoil, Riosca frithgheallta Sláinte, riosca frithgheallta Saoil agus Sláinte	An t-éagsúlú idir na forioscaí. Ba cheart an méid sin a thuairisciú mar luach diúltach.
C0320/R0630	Riosca éagsúlaithe: Riosca frithgheallta saoil, Riosca frithgheallta Sláinte, riosca frithgheallta Saoil agus Sláinte	Riosca comhiomlánaithe SCR Saoil agus Sláinte tar éis chomhiomlánú na bhforioscaí uile.

S.26.15 – Samhail inmheánach: Priacal oibriúcháin

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh eintitis aonair.

Tuairisceofar an teimpléad seo bunaithe ar an infhaighteacht sonraí de réir ailtireacht na samhla inmheánaí agus na próifíle riosca i gcás inar féidir le hiarracht réasúnach. Na sonraí a bheidh le tuairisciú, comhaontófar iad idir údaráis mhaoirseachta náisiúnta agus gnóthais árachais agus athárachais.

Is féidir le gach gnóthas a aicmiú féin maidir le rioscaí oibriúcháin a úsáid.

Tá faisnéis maidir leis na cásanna arna sainmhíniú ag an ngnóthas sna colúin C00260–C0060. I gcás aicmithe il-leibhéil, ba cheart sonraí ar an dá leibhéal is airde de riosca oibriúcháin a sholáthar ar a laghad (sainmhínigh C1 mar an leibhéal is airde agus C2 mar an leibhéal níos ísle atá díreach faoi, más ann dóibh). Baineann an fhaisnéis ar fad atá le líonadh isteach leis na dáiltí dóchúlachta caillteanais a thuartar don bhliain amháin.

Maidir le catagóir de chineál imeachta a shainmhínítear mar tharlú de Leibhéal 1 (L1), ba cheart don fhaisnéis uimhriúil uile (SCR, cuaintílí) a bheith ag baint le comhiomlánú an riosca a dhéantar ar an leibhéal sin. Go deimhin, d'fhéadfadh gach catagóir a shainaithnítear sa tarlú de Leibhéal 2 (L2) teacht as comhiomlánú de dháiltí caillteanais na leibhéal is ísle.

Aicmiú cáis inmheánaigh [téacs oscailte]	Aitheantóir uathúil [líon]	Aitheantóir uathúil an mháthairleibhéil. [líon]	
L2 A	201	101	Tabhair faoi deara nach bhfuil luach ag baint le haitheantóir an leibhéil choinneála le haghaidh leibhéal L1, toisc gurb é an máthairleibhéal an riosca oibriúcháin.
L2 B	202	101	
L2 C	203	101	
L2 D	204	102	
L2 E	205	102	
L1 A	101		
L1 B	102		

Priacal Oibriúcháin

	ÍTIM	TREORACHA
C0010/R0010	An bhfuil aicmiú Basel L1 á úsáid?	Sainaithin an úsáidtear na seacht gcatagóir ardleibhéil (L1) a shonraítear in Basel II. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: — Tá — Níl
C0010/R0020	An bhfuil aicmiú Basel L1 agus L2 á úsáid?	Sainaithin an úsáidtear catagóirí Basel Leibhéal 1 agus 2 agus a n-ordlathas (ina n-áirítear L2 i ngach L1) a shonraítear in Basel II [Iarscríbhinn 7]. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: — Tá — Níl
C0020	Ainm an cháis	Ba cheart do na gnóthais uile an tábla seo a líonadh isteach, lena n-áirítear i gcásanna ina bhfreagraíonn an gnóthas “Níl” maidir le “C0010/R0010” agus/nó “C0010/R0020”, le hainmneacha na gcásanna inmheánacha a úsáideann an tsamhail inmheánach le haghaidh ríomhanna an Riosca oibriúcháin.
C0030	Aitheantóir uathúil	Is aitheantóir uathúil an cháis inmheánaigh é seo. Ba cheart dó seo a bheith comhsheasmhach ar fud na dtréimhsí tuairiscithe éagsúla. Is réimse uimhriúil é seo.
C0040	Aitheantóir uathúil an mháthairleibhéil.	Is aitheantóir uathúil an mháthaircháis inmheánaigh láithrigh é seo. Ba cheart dó seo a bheith comhsheasmhach ar fud na dtréimhsí tuairiscithe éagsúla. Is réimse uimhriúil é seo.
C0050	Mapáil aicmithe Basel L1	Le líonadh isteach ag gnóthais a fhreagraíonn “Tá” maidir le C0010/R0010 nó más ann don mhapáil do Basel L1. Ba cheart don réimse a bheith folamh má bhíonn an cás níos airde ná leibhéal 2 den aicmiú sin.

	ÍTIM	TREORACHA
		Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1. Calaois inmheánach 2. Calaois sheachtrach 3. Cleachtais fostaíochta agus sábháilteacht san ionad oibre 4. Damáiste do shócmhainní fisiceacha 5. Míshocracht ghnó agus teipeanna córais 6. Cliaint, táirgí agus cleachtais ghnó 7. Forghníomhú, seachadadh agus bainistíocht próisis
C0060	Mapáil aicmithe Basel L2	Le líonadh isteach ag gnóthais a fhreagraíonn "Tá" maidir le C0010/R0020 nó más ann don mhapáil do Basel L2. Ba cheart don réimse a bheith folamh má bhíonn an cás níos airde ná leibhéal 2 den aicmiú sin. Is féidir an tarlú "Eile" a úsáid i gcás ina bhféadfaí an riosca a aicmiú i gcatagóir Leibhéal 1 Basel ach nach ann do chatagóir de Leibhéal 2. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1. Calaois inmheánach - Gníomhaíocht neamhúdaraithe 2. Calaois inmheánach - Gadaíocht agus calaois 3. Calaois inmheánach - Eile 4. Calaois sheachtrach - Gadaíocht agus calaois 5. Calaois sheachtrach - Slándáil córas 6. Calaois sheachtrach - Eile 7. Cleachtais fostaíochta agus sábháilteacht san ionad oibre - Caidrimh fostaithe 8. Cleachtais fostaíochta agus sábháilteacht san ionad oibre - Timpeallacht shábháilte 9. Cleachtais fostaíochta agus sábháilteacht san ionad oibre - Éagsúlacht agus idirdhealú 10. Cleachtais fostaíochta agus sábháilteacht san ionad oibre - Eile 11. Damáiste do shócmhainní fisiceacha - Tubaistí agus teagmhais eile 12. Damáiste do shócmhainní fisiceacha - Eile 13. Míshocracht ghnó agus teipeanna córais - Córais 14. Míshocracht ghnó agus teipeanna córais - Eile 15. Cliaint, táirgí agus cleachtais ghnó - Oiriúnacht, nochtadh agus muinín 16. Cliaint, táirgí agus cleachtais ghnó - Gnó nó cleachtais mhargaidh mhíchuí 17. Cliaint, táirgí agus cleachtais ghnó - Táirgí lochtacha 18. Cliaint, táirgí agus cleachtais ghnó - Roghnú, urraíocht agus neamhchosaint 19. Cliaint, táirgí agus cleachtais ghnó - Gníomhaíochtaí comhairleacha

	ÍTIM	TREORACHA
		20. Cliaint, táirgí agus cleachtais ghnó - Eile 21. Forghníomhú, seachadadh agus bainistíocht próisis - Gabháil, forghníomhú agus cothabháil idirbheart 22. Forghníomhú, seachadadh agus bainistíocht próisis - Faireachán agus tuairisciú 23. Forghníomhú, seachadadh agus bainistíocht próisis - Iontógáil agus doiciméadacht custaiméirí 24. Forghníomhú, seachadadh agus bainistíocht próisis - Bainistíocht cuntais custaiméirí/cliant 25. Forghníomhú, seachadadh agus bainistíocht próisis - Contrapháirtithe trádála 26. Forghníomhú, seachadadh agus bainistíocht próisis - Díoltóirí agus soláthróirí 27. Forghníomhú, seachadadh agus bainistíocht próisis - Eile
C0070	Dáileadh Dóchúlachta	Sainaithin an dáileadh dóchúlachta. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1. Poisson-lognormal 2. Lognormalach 3. Poisson-Pareto 4. Eimpíreach 5. Pareto 6. Eile, sonraigh 7. Faighte le comhiomlánú na leibhéal is ísle Tá míreanna 1 go 6 le húsáid i gcás ina gcainníochtaítear an dáileadh dóchúlachta; tá mír 7 le húsáid i gcás ina bhfaightear an dáileadh dóchúlachta trí chomhiomlánú a dhéanamh ar dháilte an leibhéil is ísle.
C0080	An Ceanglas um Chaipiteal Sócmhainneachta	Ceanglas um chaipiteal sócmhainneachta glan ar riosca lena maolaítear conarthaí in aghaidh an cháis.
C0090-C0210	Peircintílí	Peircintílí an dáilte caillteanais (comhfhreagraíonn caillteanais don easnamh ceart) glan ar riosca lena maolaítear conarthaí in aghaidh an cháis.
C0220/R0030	Iomlán neamh-éagsúlaithe Leibhéal 2	Suim na ranníocaíochtaí maidir le ceanglais caipitil neamhspleácha le haghaidh aicmiú rioscaí oibriúcháin Leibhéal 2. Ba cheart aon leibhéal comhiomlánaithe níos ísle a mheas roimhe.
C0220/R0040	Suim an éagsúlaithe laistigh de mhíreanna Leibhéal 2	Difríocht idir suim SCR rioscaí duillí neamh-éagsúlaithe agus C0220/R0030. Ba cheart an méid sin a thuairisciú mar luach diúltach. Mar shampla, más é L3 an leibhéal is ísle (na cinn a chainníochtaítear le dáilte dóchúlachta), cuir isteach an difríocht idir suim Leibhéal 3 agus suim Leibhéal 2 (neamhspleách).

	ÍTIM	TREORACHA
C0220/R0050	Iomlán neamh-éagsúlaithe Leibhéal 1	Suim na ranníocaíochtaí maidir le ceanglais caipitil neamhspleácha le haghaidh aicmiú rioscaí oibriúcháin Leibhéal 1 (más infheidhme, glan ar chonarthaí maolaithe riosca). Ba cheart aon leibhéal comhiomlánaithe níos ísle a mheas roimhe.
C0220/R0060	Riosca oibriúcháin – éagsúlú idir míreanna Leibhéal 1	Difríocht idir C0220/R0050 agus C0220/R0070. Ba cheart an méid sin a thuairisciú mar luach diúltach.
C0220/R0070	Riosca oibriúcháin – éagsúlaithe	Caipiteal sócmhainneachta riosca oibriúcháin éagsúlaithe, glan ar riosca lena maolaítear conarthaí.

S.26.16 – Samhail inmheánach – Athruithe Samhla

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh eintitis aonair.

Is é is cuspóir don teimpléad seo faisnéis a bhailiú maidir le saintréithe na n-athruithe ar an tsamhail de réir an bheartais maidir le hathruithe ceadaithe ar an tsamhail agus faisnéis maidir leis an mbealach a bhfuil SCR athraithe le linn na tréimhse tuairiscithe bliantúla de bharr na n-athruithe sin a cuireadh chun feidhme sa tréimhse sin. Féadfaidh an tréimhse seo a bheith difriúil le tréimhse eile arna cinneadh ag an mbeartas maidir le hathruithe ar an tsamhail i ndáil le carnadh mionathruithe, mar shampla.

Níor cheart mionathruithe ar an tsamhail a chomhaireamh faoi dhó laistigh de na tréimhsí tuairiscithe nó ar fud na dtréimhsí tuairiscithe. Dá bhrí sin, má chuimsítear mionathruithe faoi mhórathrú nó más carnadh mionathruithe é an mórathrú, déanfar ceann den dá ní a leanas:

— bain tionchar na mionathruithe seo sa mhórathrú más rud é gur cuireadh na mionathruithe chun feidhme i dtréimhse tuairiscithe roimhe seo; nó

— cuir san áireamh iad in "iomlán na mionathruithe" agus bain a n-éifeacht den mhórathrú de bharr charnadh thionchar an mhionathraithe.

	ÍTIM	TREORACHA
Cineál Athraithe		
C0010	Mórathrú	Ba cheart don fhaisnéis sa ró seo a bheith bainteach le mórathrú (i dtréimhse tuairiscithe faoi leith). Cé gur féidir mórathruithe iomadúla a chur lena chéile le haghaidh *formheas* amháin, ba cheart iad a dheighilt i gcás ina mbíonn mórathruithe ar leith. Gnás ainmnithe: Mórathrú 1_Comhpháirt 1.
Aitheantóir an athraithe		
C0020	Aitheantóir an athraithe	Ba cheart d'aitheantóir an athraithe a bheith mar an gcéanna san aighneacht aonair agus sa ghrúpa-aighneacht. Úsáidtear é chun na hathruithe aonair a chomhfhreagraíonn don ghrúpa-athrú don tréimhse tuairiscithe a mheaitseáil.
Tuairisc ar Athrú		
C0030	Dáta formheasa	Sainaithin cód ISO 8601 (bbbb–mm–ll) don dáta a dheonaítear an formheas, de réir chinneadh na n-údarás náisiúnta inniúil lena mbaineann.
C0040	Dáta aighneachta	Sainaithin cód ISO 8601 (bbbb–mm–ll) don dáta a cuireadh an aighneacht scríofa faoi bhráid na n-údarás náisiúnta inniúil lena mbaineann lena formheas (i gcás athruithe formheasta).

	ÍTIM	TREORACHA
C0050	Tuairisc ar athrú ar an mbeartas	Tabhair ghairid ar chineál an athraithe agus gnéithe na samhla a athraíodh.
C0060	Leanann an t-athrú astu seo a leanas	Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – Athrú ar an bpróifíl riosca 2 – Athrú ar an ionchur sonraí agus na toimhdí 3 – Athrú ar an modheolaíocht 4 – Eile
C0070	Catagóiriú agus míniú eile	Tabhair tuairisc ar an gcatagóiriú má bhíonn sé difriúil le colún C0060. Má táthar líonta isteach, úsáid an rogha Eile i gcolún C0060.
C0080	Tionchar riosca margaidh	Má dhéantar difear do mhuirear an riosca margaidh de bharr an mhórathraithe ar an tsamhail, cuir é sin in iúl anseo. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: Tá Níl
C0090	Tionchar ar riosca creidmheasa ionstraimí airgeadais	Má dhéantar difear do mhuirear an riosca creidmheasa ar ionstraimí airgeadais de bharr an mhórathraithe ar an tsamhail, cuir é sin in iúl anseo. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: Tá Níl
C0100	Tionchar ar riosca creidmheasa ionstraimí neamhairgeadais	Má dhéantar difear do mhuirear an riosca creidmheasa ar ionstraimí neamhairgeadais de bharr an mhórathraithe ar an tsamhail, cuir é sin in iúl anseo. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: Tá Níl
C0110	Tionchar ar riosca NSLT Neamhshaoil agus Sláinte	Má dhéantar difear do mhuirear an riosca NSLT neamhshaoil agus sláinte de bharr an mhórathraithe ar an tsamhail, cuir é sin in iúl anseo. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: Tá Níl
C0120	Tionchar ar riosca Saoil agus Sláinte	Má dhéantar difear do mhuirear an riosca saoil agus sláinte de bharr an mhórathraithe ar an tsamhail, cuir é sin in iúl anseo. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: Tá Níl
C0130	Tionchar ar riosca oibriúcháin	Má dhéantar difear do mhuirear an riosca oibriúcháin de bharr an mhórathraithe ar an tsamhail, cuir é sin in iúl anseo. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: Tá Níl

	ÍTIM	TREORACHA
C0140	Tionchar ar riosca pinsin	Má dhéantar difear do mhuirear an riosca pinsin de bharr an mhórathraithe ar an tsamhail, cuir é sin in iúl anseo. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: Tá Níl
C0150	Tionchar ar struchtúr spleáchais agus comhghaol	Má dhéantar difear don sochar éagsúlúcháin de bharr athruithe ar an struchtúr spleáchais agus/nó comhghaoil de bharr an mhórathraithe ar an tsamhail, cuir é sin in iúl anseo. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: Tá Níl
C0160	Eile (téacs oscailte)	Tabhair tuairisc ar an mbealach a ndearnadh difear do ranníocaíochtaí samhaltaithe (más ann dóibh) le SCR de bharr an athraithe ar an tsamhail.
C0170	Cáilíocht an athraithe	Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – Cáilíochtúil 2 – Cainníochtúil 3 – Meascán d'athruithe cáilíochtúla/cainníochtúla

Tionchar an athraithe

C0180	Luach iomlán SCR roimh an athrú (méid)	An méid iomlán luacha SCR (rith iomlán samhla lena n-áirítear an chuid foirmle caighdeánaí le haghaidh samhlacha inmheánacha páirteacha agus sochar éagsúlúcháin) roimh an athrú ar an tsamhail in aonaid an airgeadra tuairiscithe. Ná tabhair tuairisc ach ar mhórathruithe. Is é an luach a bhfuil coinne leis ná an luach mar atá in S.23.01.01.01 R0580/C0010 i gcás athruithe aonair agus an luach mar atá in S.23.01.04.01 R0680/C0010 i gcás grúpa-athruithe.
C0190	Dáta tagartha thionchar SCR	Sainaithin cód ISO 8601 (bbbb–mm–ll) do dháta tagartha thionchar SCR mar gheall ar an athrú ar an tsamhail (mór-athruithe amháin). Dáta sonraithe arna thabhairt ag na húdaráis náisiúnta inniúla i litir formheasa an iarratais ar an mórathrú lena bhféadtar an tsamhail fhormheasta a úsáid chun SCR a ríomh.
C0200	Luach iomlán SCR tar éis an athraithe (méid)	Méid SCR iomláin (rith iomlán samhla, más gá, lena n-áirítear an chuid foirmle caighdeánaí le haghaidh samhlacha inmheánacha páirteacha agus sochar éagsúlúcháin) tar éis an athraithe ar an tsamhail mar a shonraítear san iarratas maidir leis an athrú ar an tsamhail in aonaid an airgeadra tuairiscithe. Ná tabhair tuairisc ach ar mhórathruithe. Is é an luach a bhfuil coinne leis ná an luach mar atá in S.23.01.01.01 R0580/C0010 i gcás athruithe aonair agus an luach mar atá in S.23.01.04.01 R0680/C0010 i gcás grúpa-athruithe.
C0210	Athrú SCR iomláin %	An t-athrú coibhneasta ar SCR iomlán mar chéatadán maidir le mórathruithe amháin.
C0220	Cistí Dílse gan athrú (méid)	Cistí Dílse Iomlána Incháilithe gan an t-athrú ar an tsamhail in aonaid an airgeadra tuairiscithe. Ná tabhair tuairisc ach ar mhórathruithe. Is é an luach a bhfuil coinne leis ná an luach mar atá in S.23.01.01.01 R0540/C0010 i gcás athruithe aonair agus an luach mar atá in S.23.01.04.01 R0660/C0010 i gcás grúpa-athruithe.

	ÍTIM	TREORACHA
C0230	Cistí Dílse leis an athrú (méid)	Cistí Dílse Iomlána Incháilithe leis an athrú ar an tsamhail in aonaid an airgeadra tuairiscithe. Ná tabhair tuairisc ach ar mhórathruithe. Is é an luach a bhfuil coinne leis ná an luach mar atá in S.23.01.01.01 R0540/C0010 i gcás athruithe aonair agus an luach mar atá in S.23.01.04.01 R0660/C0010 i gcás grúpa-athruithe.
C0260	Truicear eile	Murab é leibhéal an athraithe ar SCR an truicear a bhaineann leis an aicmiú maidir le mórathrú, tabhair tuairisc ar na critéir lena n-aicmítear an t-athrú mar mhórathrú (an truicear ábhartha a thruicear an t-athrú, agus é sin amháin).
C0270	Tionchar an truicir eile (méid)	Méid an tionchair i ndáil leis an truicear in C0260 (seachas SCR)
C0280	Tionchar an truicir eile %	An tionchar i ndáil leis an truicear in C0260 (seachas SCR) mar chéatadán

Mionathruithe

C0220	Cistí Dílse gan athrú (méid)	Cistí Dílse Iomlána Incháilithe gan na mionathruithe ar an tsamhail.
C0230	Cistí Dílse leis an athrú (méid)	Cistí Dílse Iomlána Incháilithe gan na mionathruithe ar an tsamhail móide suim thionchar na mionathruithe ar an tsamhail ar na Cistí Dílse iomlána Incháilithe don tréimhse tuairiscithe seo.
C0240	Suim SCR i gcás mionathruithe lena méadaítear SCR	Suim thionchar na mionathruithe ar an tsamhail ar SCR iomlán lenar méadaíodh SCR don tréimhse tuairiscithe seo, agus na tionchair sin amháin. Ba cheart don luach SCR tagartha a bheith ag teacht leis an luach mar atá in S.23.01.01.01 R0580/C0010 i gcás athruithe aonair agus an luach mar atá in S.23.01.04.01 R0680/C0010 i gcás grúpa-athruithe.
C0250	Suim SCR i gcás mionathruithe lena laghdaítear SCR	Suim thionchar na mionathruithe ar an tsamhail ar SCR iomlán lenar laghdaíodh SCR, in aonaid an airgeadra tuairiscithe, don tréimhse tuairiscithe seo, agus na tionchair sin amháin. Ba cheart don luach SCR tagartha a bheith ag teacht leis an luach mar atá in S.23.01.01.01 R0580/C0010 i gcás athruithe aonair agus an luach mar atá in S.23.01.04.01 R0680/C0010 i gcás grúpa-athruithe.
C0290	An líon mionathruithe a cuireadh chun feidhme le linn na tréimhse tuairiscithe	An líon mionathruithe a cuireadh chun feidhme le linn na tréimhse tuairiscithe.
C0300	Tairseach maidir le carnadh	An tairseach maidir le carnadh mar a shonraítear sa bheartas maidir le hathruithe ar an tsamhail.
C0310	Athshocraigh	Abair cé acu a tharla nó nár tharla athshocrú amháin ar charnadh mionathruithe sa tréimhse tuairiscithe: — Tharla athshocrú ar mhionathruithe ar an tsamhail inmheánach sa tréimhse tuairiscithe — Níor tharla athshocrú ar mhionathruithe ar an tsamhail inmheánach sa tréimhse tuairiscithe.
C0320	Cúis leis an athshocrú	Le tuairisc ghairid, tabhair réasúnú maidir leis an bhfáth gur tharla athshocrú ar charnadh mionathruithe sa tréimhse tuairiscithe.

S.27.01 — Ceanglas um Chaipiteal Sócmhainneachta — Riosca tubaiste neamhshaoil agus sláinte

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh eintitis aonair, cistí imfhálaithe, punanna coigeartaithe meaitseála agus le haghaidh an chuid atá fágtha.

Maidir le gnóthas árachais agus athárachais faoi gchuing a chomhlíonann na coinníollacha a shonraítear in Airteagal 4 (4) agus (5), ní thuairisceodh siad ach táblaí a chomhfhreagraíonn do R0001 agus R002/C0001 agus R0010/C0010 go R0340/C0030.

Is gá teimpléad SR.27.01 a líonadh isteach le haghaidh gach ciste imfhálaithe (RFF), gach punainne coigeartaithe meaitseála (MAP) agus le haghaidh an chuid atá fágtha. I gcás ina mbeidh MAP/RFF leabaithe in RFF/MAP, áfach, ba cheart caitheamh leis an gciste mar chistí éagsúla. Déanfar an teimpléad sin a thuairisciú le haghaidh na bhfochistí uile de RFF/MAP ábhartha mar a shainaithnítear sa dara tábla de S.01.03.

Dearadh an teimpléad seo ionas gur féidir tuiscint a thabhairt ar an mbealach a ríomhadh an modúl riosca tubaiste maidir le SCR agus na príomhspreagthóirí.

Ní mór éifeacht maolaithe riosca chonarthaí athárachais sonracha agus mheáin shainchuspóireacha an ghnóthais a chinneadh i gcás gach cineál riosca tubaiste. Is ríomh ionchasach é seo agus ní mór é a bhunú ar chlár athárachais na chéad bhliana tuairiscithe eile mar a thuairiscítear sna teimpléid athárachais le haghaidh Cumhdaigh roghnacha (S.30.01 agus S.30.02) agus Clár athárachais amach sa chéad bhliain tuairiscithe eile (S.30.03 agus S.30.04).

Ní mór do ghnóthais meastachán a dhéanamh ar a gcuid aisghabhálacha ó mhaolú riosca i gcomhréir le Treoir 2009/138/CE, Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 agus aon chaighdeán teicniúil ábhartha eile. Líonfaidh gnóthais an teimpléad tuairiscithe tubaiste isteach ar an ngráinneacht a éilítear chun an ríomh sin a dhéanamh, agus a ghráinní sin amháin.

Faoi na modúil riosca frithgheallta neamhshaoil agus sláinte, sainmhínítear riosca tubaiste mar riosca caillteanais, nó athrú diúltach ar luach dliteanas árachais, a leanann éiginnteacht shuntasach maidir le toimhdí praghsála agus soláthair a bhaineann le teagmhais fhoircneacha nó eisceachtúla mar a leagtar amach in Airteagal 105(2)(b) agus (4)(c) de Threoir 2009/138/CE.

Léirítear leis na ceanglais thuairiscithe caipitil na ceanglais caipitil roimh an maolú riosca, agus ina dhiaidh, arb iad éifeacht maolaithe riosca chonarthaí athárachais sonracha agus mheáin shainchuspóireacha an ghnóthais iad. Tagann an ceanglas tuairiscithe caipitil tar éis maolú riosca roimh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla. Tuairisceofar luach réamhshocraithe an mhaolaithe riosca mar luach dearfach chun é a asbhaint.

I gcás ina laghdaíonn an éifeacht éagsúlúcháin an ceanglas caipitil tuairisceofar luach réamhshocraithe an éagsúlaithe mar luach diúltach.

	MÍR	TREORACHA
Z0020	Ciste imfhálaithe, punann coigeartaithe meaitseála nó an chuid atá fágtha	Sainaithnítear leis cibé acu a bhaineann na figiúirí a thuairiscítear le RFF, punann coigeartaithe meaitseála nó leis an gcuid atá fágtha. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — RFF/MAP 2 — An chuid atá fágtha
Z0030	Uimhir Chiste/Phunainne	I gcás ina bhfuil mír Z0020 = 1, uimhir aitheantais le haghaidh ciste imfhálaithe nó punann coigeartaithe meaitseála. Is é an gnóthas a shannann an uimhir sin agus ní mór di a bheith comhsheasmhach le himeacht ama agus leis an uimhir chiste/phunainne a thuairiscítear i dteimpléid eile.
R0001/C0001	Simplithe a úsáideadh – riosca dóiteáin	Sainaithin cé acu a bhain nó nár bhain gnóthas úsáid as simplithe chun riosca dóiteáin a ríomh. Úsáidfear na roghanna seo a leanas: 1 – Simplithe chun críocha Airteagal 90c 9 – Níor úsáideadh simplithe Má tá R0001/C0001 = 1, ní dhéanfar ach C0880 a líonadh isteach le haghaidh R2600.

	MÍR	TREORACHA
R0002/C0001	Simplithe a úsáideadh – riosca tubaiste nádúrtha	Sainaithin cé acu a bhain nó nár bhain gnóthas úsáid as simplithe chun riosca tubaiste nádúrtha a ríomh. Úsáidfear na roghanna seo a leanas: 1 – Simpliú chun críocha Airteagal 90b, stoirm ghaoithe 2 – Simpliú chun críocha Airteagal 90b, crith talún 3 – Simpliú chun críocha Airteagal 90b, tuile 4 – Simpliú chun críocha Airteagal 90b, cloichshneachta 5 – Simpliú chun críocha Airteagal 90b, turnamh talún 9 – Níor úsáideadh simplithe Féadfar roghanna 1 go 5 a úsáid go comhuaineach.

Riosca tubaiste neamhshaoil — Achoimre

C0010/R0010	SCR roimh mhaolú riosca — Riosca tubaiste nádúrtha	Is é seo an riosca tubaiste iomlán roimh mhaolú riosca a eascraíonn as na priacail tubaiste nádúrtha uile agus an éifeacht éagsúlúcháin idir priacail a thugtar in C0010/R0070 á cur san áireamh.
C0010/R0020–R0060	SCR roimh mhaolú riosca — Priacail riosca tubaiste nádúrtha	Is é seo an ceanglas caipitil iomlán roimh mhaolú riosca de réir an phriacail tubaiste nádúrtha agus an éifeacht éagsúlúcháin idir criosanna agus réigiúin. De réir priacal nádúrtha, tá an méid seo cothrom leis an Muirear Riosca Tubaiste roimh mhaolú riosca.
C0010/R0070	SCR roimh mhaolú riosca — Éagsúlú idir priacail	Éifeacht éagsúlúcháin a eascraíonn as comhiomlánú na muirear caipitil iomlán roimh mhaolú riosca a bhaineann le priacail éagsúla tubaiste nádúrtha.
C0020/R0010	Maolú riosca iomlán — Riosca tubaiste nádúrtha	Is é seo éifeacht iomlán mhaolaitheach riosca chonarthaí athárachais agus mheáin shainchuspóireacha shonracha an ghnóthais a eascraíonn as na priacail tubaiste nádúrtha uile agus an éifeacht éagsúlúcháin idir priacail a thugtar in C0020/R0070 á cur san áireamh.
C0020/R0020–R0060	Maolú riosca iomlán — Priacail riosca tubaiste nádúrtha	Is é seo éifeacht iomlán mhaolaitheach riosca chonarthaí athárachais agus mheáin shainchuspóireacha shonracha an ghnóthais in aghaidh an phriacail tubaiste nádúrtha.
C0020/R0070	Maolú riosca iomlán — Éagsúlú idir priacail	Éifeacht éagsúlúcháin a eascraíonn as comhiomlánú éifeacht mhaolaitheach riosca chonarthaí athárachais agus mheáin shainchuspóireacha shonracha an ghnóthais a bhaineann le priacail éagsúla tubaiste nádúrtha.
C0030/R0010	SCR tar éis maolú riosca — Riosca tubaiste nádúrtha	Is é seo an riosca tubaiste iomlán tar éis maolú riosca a eascraíonn as na priacail tubaiste nádúrtha uile agus an éifeacht éagsúlúcháin idir priacail a thugtar in C0030/R0070 á cur san áireamh.
C0030/R0020–R0060	SCR tar éis maolú riosca — Priacail riosca tubaiste nádúrtha	Is é seo an ceanglas caipitil iomlán tar éis maolú riosca de réir an phriacail tubaiste nádúrtha agus an éifeacht éagsúlúcháin idir criosanna agus réigiúin.

	MÍR	TREORACHA
		De réir priacal nádúrtha, tá an méid seo cothrom leis an Muirear Riosca Tubaiste tar éis maolú riosca.
C0030/R0070	SCR tar éis maolú riosca — Éagsúlú idir priacail	Éifeacht éagsúlúcháin a eascraíonn as comhiomlánú na muirear caipitil iomlán tar éis maolú riosca a bhaineann le priacail éagsúla tubaiste nádúrtha.
C0010/R0080	SCR roimh mhaolú riosca — Riosca tubaiste in atharachas neamhréireach réadmhaoine	Is é seo an riosca tubaiste iomlán roimh mhaolú riosca a eascraíonn as atharachas neamhréireach réadmhaoine.
C0020/R0080	Maolú riosca iomlán — Riosca tubaiste in atharachas neamhréireach réadmhaoine	Is é seo éifeacht iomlán maolaithe riosca chonarthaí atharachais agus mheáin shainchuspóireacha shonracha an ghnóthais le haghaidh atharachas neamhréireach maoine.
C0030/R0080	SCR tar éis maolú riosca — Riosca tubaiste in atharachas neamhréireach réadmhaoine	Is é seo an riosca tubaiste iomlán tar éis maolú riosca a eascraíonn as atharachas neamhréireach réadmhaoine.
C0010/R0090	SCR roimh mhaolú riosca — Riosca tubaiste de dhéantús an duine	Is é seo an riosca tubaiste iomlán roimh mhaolú riosca a eascraíonn as na priacail tubaiste uile de dhéantús an duine agus an éifeacht éagsúlúcháin idir priacail a thugtar in C0010/R0160 á cur san áireamh.
C0010/R0100–R0150	SCR roimh mhaolú riosca — Priacail riosca tubaiste de dhéantús an duine	Is é seo an ceanglas caipitil iomlán roimh mhaolú riosca de réir an phriacail de dhéantús an duine, an éifeacht éagsúlúcháin idir fophriacail á cur san áireamh. De réir priacal de dhéantús an duine, tá an méid seo cothrom leis an Muirear Riosca Tubaiste roimh mhaolú riosca.
C0010/R0160	SCR roimh mhaolú riosca — Éagsúlú idir priacail	Éifeacht éagsúlúcháin a eascraíonn as comhiomlánú na muirear caipitil iomlán roimh mhaolú riosca a bhaineann le priacail éagsúla tubaiste de dhéantús an duine.
C0020/R0090	Maolú riosca iomlán — Riosca tubaiste de dhéantús an duine	Is é seo éifeacht iomlán maolaithe riosca chonarthaí atharachais agus mheáin shainchuspóireacha shonracha an ghnóthais a eascraíonn as na priacail tubaiste uile de dhéantús an duine agus an éifeacht éagsúlúcháin idir priacail a thugtar in C0020/R0160 á cur san áireamh.
C0020/R0100–R0150	Maolú riosca iomlán — Priacail riosca tubaiste de dhéantús an duine	Is é seo éifeacht iomlán maolaithe riosca chonarthaí atharachais agus mheáin shainchuspóireacha shonracha an ghnóthais in aghaidh an phriacail tubaiste de dhéantús an duine.
C0020/R0160	Maolú riosca iomlán — Éagsúlú idir priacail	Éifeacht éagsúlúcháin a eascraíonn as comhiomlánú éifeacht mhaolaitheach riosca chonarthaí atharachais agus mheáin shainchuspóireacha shonracha an ghnóthais a bhaineann le priacail éagsúla de dhéantús an duine.

	MÍR	TREORACHA
C0030/R0090	SCR tar éis maolú riosca — Riosca tubaiste de dhéantús an duine	Is é seo an riosca tubaiste iomlán tar éis maolú riosca a eascraíonn as na priacail tubaiste uile de dhéantús an duine agus an éifeacht éagsúlúcháin idir priacail a thugtar in C0030/R0160 á cur san áireamh.
C0030/R0100–R0150	SCR tar éis maolú riosca — Priacail riosca tubaiste de dhéantús an duine	Is é seo an ceanglas caipitil iomlán tar éis maolú riosca de réir an phriacail tubaiste de dhéantús an duine, an éifeacht éagsúlúcháin idir fophriacail á cur san áireamh. De réir priacal de dhéantús an duine, tá an méid seo cothrom leis an Muirear Riosca Tubaiste tar éis maolú riosca.
C0030/R0160	SCR tar éis maolú riosca — Éagsúlú idir priacail	Éifeacht éagsúlúcháin a eascraíonn as comhiomlánú na muirear caipitil iomlán tar éis maolú riosca a bhaineann le priacail éagsúla tubaiste de dhéantús an duine.
C0010/R0170	SCR roimh mhaolú riosca — Riosca tubaiste neamhshaoil eile	Is é seo an riosca tubaiste iomlán roimh mhaolú riosca a eascraíonn as na priacail tubaiste “neamhshaoil eile” uile agus an éifeacht éagsúlúcháin idir priacail a thugtar in C0010/R0180 á cur san áireamh.
C0010/R0180	SCR roimh mhaolú riosca — Éagsúlú idir priacail	Éifeacht éagsúlúcháin a eascraíonn as comhiomlánú na muirear caipitil iomlán roimh mhaolú riosca a bhaineann le priacail éagsúla tubaiste “neamhshaoil eile”.
C0020/R0170	Maolú riosca iomlán — Riosca tubaiste neamhshaoil eile	Is é seo éifeacht iomlán maolaithe riosca chonarthaí athárachais agus mheáin shainchuspóireacha shonracha an ghnóthais a eascraíonn as na priacail tubaiste “neamhshaoil eile” uile agus an éifeacht éagsúlúcháin idir priacail a thugtar in C0020/R0180 á cur san áireamh.
C0020/R0180	Maolú riosca iomlán — Éagsúlú idir priacail	Éifeacht éagsúlúcháin a eascraíonn as comhiomlánú éifeacht mhaolaitheach riosca chonarthaí athárachais agus mheáin shainchuspóireacha shonracha an ghnóthais a bhaineann le priacail éagsúla “neamhshaoil eile”.
C0030/R0170	SCR tar éis maolú riosca — Riosca tubaiste neamhshaoil eile	Is é seo an riosca tubaiste iomlán tar éis maolú riosca a eascraíonn as na priacail tubaiste “neamhshaoil eile” uile agus an éifeacht éagsúlúcháin idir priacail a thugtar in C0030/R0180 á cur san áireamh.
C0030/R0180	SCR tar éis maolú riosca — Éagsúlú idir priacail	Éifeacht éagsúlúcháin a eascraíonn as comhiomlánú na muirear caipitil iomlán tar éis maolú riosca a bhaineann le priacail éagsúla tubaiste “neamhshaoil eile”.
C0010/R0190	SCR roimh mhaolú riosca — Riosca tubaiste neamhshaoil iomlán roimh éagsúlú	Is é seo an riosca tubaiste iomlán roimh mhaolú riosca a eascraíonn as na fomhodúil uile (Tubaiste nádúrtha, Athárachas neamhréireach réadmhaoine, Rioscaí tubaiste de dhéantús an duine agus Rioscaí tubaiste “neamhshaoil eile”) roimh an éifeacht éagsúlúcháin idir na fomhodúil.
C0010/R0200	SCR roimh mhaolú riosca — Éagsúlú idir fomhodúil	Éifeacht éagsúlúcháin a eascraíonn as comhiomlánú na muirear caipitil iomlán roimh mhaolú riosca a bhaineann le fomhodúil eile (Tubaiste nádúrtha, Athárachas neamhréireach réadmhaoine, Rioscaí tubaiste de dhéantús an duine agus Riosca tubaiste “neamhshaoil eile”).

	MÍR	TREORACHA
C0010/R0210	SCR roimh mhaolú riosca — Riosca tubaiste neamhshaoil iomlán tar éis éagsúlú	Is é seo an riosca tubaiste iomlán roimh mhaolú riosca a eascraíonn as na fomhodúil uile (Tubaiste nádúrtha, Athárachas neamhréireach réadmhaoine, Rioscaí tubaiste de dhéantús an duine agus Rioscaí tubaiste "neamhshaoil eile"), agus an éifeacht éagsúlúcháin idir na fomhodúil a thugtar in C0010/R0200 á cur san áireamh.
C0020/R0190	Maolú riosca iomlán — Riosca tubaiste neamhshaoil iomlán roimh éagsúlú	Is é seo éifeacht iomlán maolaithe riosca chonarthaí athárachais agus mheáin shainchuspóireacha shonracha an ghnóthais a eascraíonn as na fomhodúil uile (Tubaiste nádúrtha, Athárachas neamhréireach maoine, Rioscaí tubaiste de dhéantús an duine agus Rioscaí tubaiste "neamhshaoil eile"), roimh an éifeacht éagsúlúcháin idir na fomhodúil.
C0020/R0200	Maolú riosca iomlán — Éagsúlú idir fomhodúil	Éifeacht éagsúlúcháin a eascraíonn as comhiomlánú éifeacht mhaolaitheach riosca chonarthaí athárachais agus mheáin shainchuspóireacha shonracha an ghnóthais a bhaineann le fomhodúil éagsúla (Tubaiste nádúrtha, Athárachas neamhréireach maoine, Rioscaí tubaiste de dhéantús an duine agus Rioscaí tubaiste "neamhshaoil eile").
C0020/R0210	Maolú riosca iomlán — Riosca tubaiste neamhshaoil iomlán tar éis éagsúlú	Is é seo éifeacht iomlán maolaithe riosca chonarthaí athárachais agus mheáin shainchuspóireacha shonracha an ghnóthais a eascraíonn as na fomhodúil uile (Tubaiste nádúrtha, Athárachas neamhréireach maoine, Rioscaí tubaiste de dhéantús an duine agus Rioscaí tubaiste "neamhshaoil eile"), an éifeacht éagsúlúcháin idir na fomhodúil a thugtar in C0020/R0200 á cur san áireamh.
C0030/R0190	SCR tar éis maolú riosca — Riosca tubaiste neamhshaoil iomlán roimh éagsúlú	Is é seo an riosca tubaiste iomlán tar éis maolú riosca a eascraíonn as na fomhodúil uile (Tubaiste nádúrtha, Athárachas neamhréireach réadmhaoine, Rioscaí tubaiste de dhéantús an duine agus Rioscaí tubaiste "neamhshaoil eile") roimh an éifeacht éagsúlúcháin idir na fomhodúil.
C0030/R0200	SCR tar éis maolú riosca — Éagsúlú idir fomhodúil	Éifeacht éagsúlúcháin a eascraíonn as comhiomlánú na muirear caipitil iomlán tar éis maolú riosca a bhaineann le fomhodúil eile (Tubaiste nádúrtha, Athárachas réadmhaoine neamhréireach, Rioscaí tubaiste de dhéantús an duine agus Riosca tubaiste "neamhshaoil eile").
C0030/R0210	SCR tar éis maolú riosca — Riosca tubaiste neamhshaoil iomlán tar éis éagsúlú	Is é seo an riosca tubaiste iomlán tar éis maolú riosca a eascraíonn as na fomhodúil uile (Tubaiste nádúrtha, Athárachas neamhréireach réadmhaoine, Rioscaí tubaiste de dhéantús an duine agus Rioscaí tubaiste "neamhshaoil eile"), agus an éifeacht éagsúlúcháin idir na fomhodúil a thugtar i mír C0030/R0200 á cur san áireamh.
Riosca tubaiste sláinte — Achoimre		
C0010/R0300	SCR roimh mhaolú riosca — Riosca tubaiste sláinte	Is é seo an riosca tubaiste iomlán roimh mhaolú riosca a eascraíonn as na fomhodúil riosca tubaiste sláinte uile agus an éifeacht éagsúlúcháin idir na fomhodúil a thugtar in C0010/R0340 á cur san áireamh.

	MÍR	TREORACHA
C0010/R0310–R0330	SCR roimh mhaolú riosca — Fomhodúil riosca tubaiste sláinte	Is é seo an ceanglas caipitil iomlán roimh mhaolú riosca de réir na bhfomhodúl riosca tubaiste sláinte, an éifeacht éagsúlúcháin idir na tíortha á cur san áireamh. De réir fomhodúl riosca tubaiste sláinte, tá an méid seo cothrom leis an Muirear Riosca Tubaiste roimh mhaolú riosca.
C0010/R0340	SCR roimh mhaolú riosca — Éagsúlú idir fomhodúil	Éifeacht éagsúlúcháin a eascraíonn as comhiomlánú na muirear caipitil iomlán roimh mhaolú riosca a bhaineann le fomhodúil éagsúla riosca tubaiste sláinte.
C0020/R0300	Maolú riosca iomlán — Riosca tubaiste sláinte	Is é seo éifeacht iomlán maolaithe riosca chonarthaí athárachais agus mheáin shainchuspóireacha shonracha an ghnóthais a eascraíonn as na fomhodúil riosca tubaiste sláinte uile agus an éifeacht éagsúlúcháin idir na fomhodúil a thugtar in C0020/R0340 á cur san áireamh.
C0020/R0310–R0330	Maolú riosca iomlán — Fomhodúil riosca tubaiste sláinte	Is é seo éifeacht iomlán maolaithe riosca chonarthaí athárachais agus mheáin shainchuspóireacha shonracha an ghnóthais in aghaidh an fhomhodúil riosca tubaiste sláinte.
C0020/R0340	Maolú riosca iomlán — Éagsúlú idir fomhodúil	Éifeacht éagsúlúcháin a eascraíonn as comhiomlánú éifeacht mhaolaitheach riosca chonarthaí athárachais agus mheáin shainchuspóireacha shonracha an ghnóthais a bhaineann le fomhodúil éagsúla riosca tubaiste sláinte.
C0030/R0300	Maolú riosca tar éis SCR — Riosca tubaiste sláinte	Is é seo an riosca tubaiste iomlán tar éis maolú riosca a eascraíonn as na fomhodúil riosca tubaiste sláinte uile agus an éifeacht éagsúlúcháin idir na fomhodúil a thugtar in C0030/R0340 á cur san áireamh.
C0030/R0310–R0330	Maolú riosca tar éis SCR — Fomhodúil riosca tubaiste sláinte	Is é seo an ceanglas caipitil iomlán tar éis riosca in aghaidh an fhomhodúil riosca tubaiste sláinte, an éifeacht éagsúlúcháin idir tíortha á cur san áireamh. De réir fomhodúl riosca tubaiste sláinte, tá an méid seo cothrom leis an Muirear Riosca Tubaiste tar éis maolú riosca.
C0030/R0340	SCR tar éis maolú riosca — Éagsúlú idir fomhodúil	Éifeacht éagsúlúcháin a eascraíonn as comhiomlánú na muirear caipitil iomlán tar éis maolú riosca a bhaineann le fomhodúil éagsúla riosca tubaiste sláinte.
Riosca tubaiste neamhshaoil		
Riosca tubaiste nádúrtha — Stoirm ghaoithe		
C0040/R0610–R0780	Meastachán ar an bpréimh chomhlán atá le tuilleamh — Réigiúin Eile	Meastachán ar na préimheanna atá le tuilleamh ag an ngnóthas árachais nó athárachais, le linn na bliana dár gcionn i ndáil leis na 14 réigiún seachas na réigiúin shonraithe (cuir réigiúin san áireamh de réir mar a shonraítear in Iarscríbhinn III, seachas na cinn a shonraítear in Iarscríbhinn V nó in Iarscríbhinn XIII de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35), le haghaidh an chonartha i ndáil le hoibleagáidí réimeanna gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, Dóiteán agus damáiste eile lena gcumhdaítear riosca stoirme gaoithe, lena n-áirítear oibleagáidí athárachais chomhréirigh agus árachas muirí, eitlíochta agus iompair lena gcumhdaítear damáiste do mhaoin ar tír de bharr stoirm ghaoithe, lena n-áirítear na hoibleagáidí athárachais chomhréirigh.

	MÍR	TREORACHA
		Beidh na préimheanna comhlán, gan asbhaint préimheanna i gcás conarthaí athárachais.
C0040/R0790	Meastachán ar an bpréimh chomhlán atá le tuilleamh — Stoirm Ghaoithe iomlán, Réigiúin Eile, roimh éagsúluithe	Iomlán an mheastacháin ar na préimheanna atá le tuilleamh ag an ngnóthas árachais nó athárachais roimh éagsúlú, le linn na bliana dár gcionn i gcás na 14 réigiún eile seachas na réigiúin shonraithe.
C0050/R0400–R0590	Neamhchosaint — Réigiún sonraithe	Suim an iomláin faoi árachas in aghaidh gach ceann de na 23 réigiún shonraithe le haghaidh réimeanna gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35: — Dóiteán agus damáiste eile, lena n-áirítear na hoibleagáidí athárachais chomhréirigh, i ndáil le conarthaí lena gcumhdaítear riosca stoirme gaoithe agus i gcás ina mbíonn an riosca lonnaithe sa réigiún sonraithe faoi leith seo; agus — Árachas muirí, eitlíochta agus iompair, lena n-áirítear na hoibleagáidí athárachais chomhréirigh, i ndáil le conarthaí lena gcumhdaítear damáiste do réadmhaoin ar tír de bharr stoirm ghaoithe agus i gcás ina mbíonn an riosca lonnaithe sa réigiún sonraithe faoi leith seo.
C0050/R0600	Neamhchosaint — Iomlán na Réigiún sonraithe Stoirme Gaoithe roimh éagsúlú	Iomlán na neamhchosaintí roimh éagsúlú i gcás na 23 réigiún shonraithe.
C0060/R0400–R0590	Caillteanas Comhlán sonraithe — Réigiún sonraithe	Caillteanas comhlán sonraithe stoirme gaoithe i gcás gach ceann de na 23 réigiún shonraithe, an éifeacht éagsúlúcháin idir criosanna á cur san áireamh.
C0060/R0600	Caillteanas Comhlán sonraithe — Iomlán na Réigiún sonraithe Stoirme Gaoithe roimh éagsúlú	Iomlán an chaillteanais chomhláin shonraithe roimh éagsúlú i gcás na 23 réigiún shonraithe.
C0070/R0400–R0590	Fachtóir Muirir Riosca Tubaiste roimh mhaolú riosca — Réigiún sonraithe	An fachtóir muirir riosca in aghaidh gach ceann de na 23 réigiún shonraithe i gcás stoirme gaoithe, an éifeacht éagsúlúcháin idir criosanna á cur san áireamh.
C0070/R0600	Fachtóir Muirir Riosca Tubaiste roimh mhaolú riosca — Iomlán na Réigiún sonraithe Stoirme Gaoithe roimh éagsúlú	Cóimheas idir caillteanas comhlán sonraithe iomlán agus neamhchosaint iomlán.
C0080/R0400–R0590	Cás A nó B — Réigiún sonraithe	An ceanglas caipitil is mó le haghaidh riosca stoirme gaoithe le haghaidh gach ceann de na 23 réigiún shonraithe de réir chás A nó chás B. Agus an méid is mó de chás A agus B á chinneadh, cuirfear san áireamh éifeacht mhaolaitheach riosca chonarthaí athárachais agus mheáin shainchuspóireacha shonracha an ghnóthais a bhaineann leis an bpriacal seo.
C0090/R0400–R0590	Muirear Riosca Tubaiste roimh mhaolú riosca — Réigiún sonraithe	An ceanglas caipitil roimh mhaolú riosca a eascraíonn as Stoirm Ghaoithe le haghaidh gach ceann de na 23 Réigiún shonraithe a chomhfhreagraíonn don cheann is mó idir cás A agus cás B.

	MÍR	TREORACHA
C0090/R0600	Muirear Riosca Tubaiste roimh mhaolú riosca — Iomlán na Réigiún sonraithe Stoirme Gaoithe roimh éagsúlú	Iomlán an cheanglais caipitil roimh mhaolú riosca a eascraíonn as Stoirm Ghaoithe le haghaidh na 23 réigiún shonraithe.
C0090/R0790	Muirear Riosca Tubaiste roimh mhaolú riosca — Iomlán na Réigiún Eile Stoirme Gaoithe roimh éagsúluithe	An ceanglas caipitil roimh mhaolú riosca le haghaidh Riosca stoirme gaoithe i réigiúin seachas na Réigiúin shonraithe. Is é atá ann méid an chaillteanais láithrigh, gan asbhaint na méideanna in-aisghabhála ó na conarthaí athárachais agus na Meáin Shainchuspóireacha.
C0090/R0800	Muirear Riosca Tubaiste roimh mhaolú riosca — Iomlán na Réigiún Stoirme Gaoithe uile roimh éagsúlú	Iomlán an cheanglais caipitil roimh mhaolú riosca a eascraíonn as Stoirm Ghaoithe le haghaidh na réigiún uile.
C0090/R0810	Muirear Riosca Tubaiste roimh mhaolú riosca — Éifeacht éagsúlúcháin idir réigiúin	Éifeacht éagsúlúcháin a eascraíonn as carnadh na Rioscaí stoirme gaoithe a bhaineann leis na réigiúin éagsúla (idir Réigiúin shonraithe agus “réigiúin eile”)
C0090/R0820	Muirear Riosca Tubaiste roimh mhaolú riosca — Iomlán Stoirme Gaoithe tar éis éagsúlú	Is é seo an ceanglas caipitil iomlán roimh mhaolú riosca le haghaidh Riosca stoirme gaoithe, an éifeacht éagsúlúcháin a thuairiscítear i mír C0090/R0810 á cur san áireamh.
C0100/R0400–R0590	Maolú Riosca Measta — Réigiún sonraithe	De réir gach ceann de na 23 Réigiún shonraithe, an éifeacht mhaolaitheach riosca mheasta, a chomhfhreagraíonn don chás roghnaithe, de chonarthaí athárachais agus meáin shainchuspóireacha shonracha an ghnóthais a bhaineann leis an bpriacal sin, seachas na préimheanna aischurtha measta.
C0100/R0600	Maolú Riosca Measta — Iomlán na Réigiún sonraithe Stoirme Gaoithe roimh éagsúlú	Iomlán an mhaolaithe mheasta riosca a eascraíonn as Stoirm Ghaoithe le haghaidh na 23 réigiún shonraithe.
C0100/R0790	Maolú Riosca Measta — Iomlán na Réigiún Eile Stoirme Gaoithe roimh éagsúluithe	I gcás na réigiún uile seachas na Réigiúin shonraithe, an éifeacht mhaolaitheach riosca mheasta de chonarthaí athárachais agus meáin shainchuspóireacha shonracha an ghnóthais a bhaineann leis an bpriacal sin, seachas na préimheanna aischurtha measta.
C0100/R0800	Maolú Riosca Measta — Iomlán na Réigiún uile Stoirme Gaoithe roimh éagsúlú	Iomlán an mhaolaithe mheasta riosca a eascraíonn as Stoirm Ghaoithe le haghaidh na réigiún uile.
C0110/R0400–R0590	Préimheanna Aischurtha Measta — Réigiún sonraithe	I gcás gach ceann den 23 Réigiún shonraithe, na préimheanna aischurtha measta, a chomhfhreagraíonn don chás roghnaithe, de thoradh chonarthaí athárachais agus mheáin shainchuspóireacha shonracha an ghnóthais a bhaineann leis an riosca seo.

	MÍR	TREORACHA
C0110/R0600	Préimheanna Aischurtha Measta — Iomlán na Réigiún sonraithe Stoirme Gaoithe roimh éagsúlú	Iomlán na bpréimheanna aischurtha measta le haghaidh na 23 réigiún shonraithe.
C0110/R0790	Préimheanna Aischurtha Measta — Iomlán na Réigiún Stoirme Gaoithe Eile roimh éagsúluithe	I gcás na réigiún uile seachas na Réigiúin shonraithe, na préimheanna aischurtha measta, de thoradh chonarthaí athárachais agus mheáin shainchuspóireacha shonracha an ghnóthais a bhaineann leis an bpriacal seo.
C0110/R0800	Préimheanna Aischurtha Measta — Iomlán na Réigiún Stoirme Gaoithe uile roimh éagsúlú	Iomlán na bpréimheanna aischurtha measta le haghaidh na réigiún uile.
C0120/R0400–R0590	Muirear Riosca Tubaiste tar éis maolú riosca — Réigiún sonraithe	Ceanglas caipitil, tar éis asbhaint éifeacht mhaolaitheach riosca chonarthaí athárachais agus mheáin shainchuspóireacha shonracha an ghnóthais a bhaineann leis an bpriacal seo, a eascraíonn as Stoirmeacha Gaoithe i ngach ceann de na réigiúin shonraithe, a chomhfhreagraíonn don chás roghnaithe.
C0120/R0600	Muirear Riosca Tubaiste tar éis maolú riosca — Iomlán na Réigiún sonraithe Stoirme Gaoithe roimh éagsúlú	Iomlán an cheanglais caipitil, tar éis asbhaint éifeacht mhaolaitheach riosca chonarthaí athárachais agus mheáin shainchuspóireacha shonracha an ghnóthais le haghaidh na 23 réigiún shonraithe.
C0120/R0790	Muirear Riosca Tubaiste tar éis maolú riosca — Iomlán na Réigiún Eile Stoirme Gaoithe roimh éagsúluithe	Ceanglas caipitil tar éis maolú riosca le haghaidh Riosca stoirme gaoithe i réigiúin seachas na Réigiúin shonraithe. Is é atá ann méid an chaillteanais láithrigh, lena n-áirítear asbhaint na méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais agus Meáin Shainchuspóireacha.
C0120/R0800	Muirear Riosca Tubaiste tar éis maolú riosca — Iomlán na Réigiún Stoirme Gaoithe uile roimh éagsúlú	Iomlán an cheanglais caipitil, tar éis asbhaint éifeacht mhaolaitheach riosca chonarthaí athárachais agus mheáin shainchuspóireacha shonracha an ghnóthais i gcás na réigiún uile.
C0120/R0810	Muirear Riosca Tubaiste tar éis maolú riosca — Éifeacht éagsúlúcháin idir réigiúin	Éifeacht éagsúlúcháin a eascraíonn as carnadh an cheanglais caipitil tar éis maoluithe riosca le haghaidh Rioscaí stoirme gaoithe a bhaineann leis na réigiúin éagsúla (idir Réigiúin shonraithe agus “réigiúin eile”).
C0120/R0820	Muirear Riosca Tubaiste tar éis maolú riosca — Stoirm Ghaoithe Iomlán tar éis éagsúlú	Is é seo an ceanglas caipitil iomlán tar éis maolú riosca le haghaidh Riosca stoirme gaoithe, an éifeacht éagsúlúcháin a thuairiscítear i mír C0120/R0810 á cur san áireamh.

	MÍR	TREORACHA
Riosca tubaiste nádúrtha — Crith talún		
C0130/R1040–R1210	Meastachán ar an bpréimh chomhlán atá le tuilleamh — Réigiúin Eile	Meastachán ar na préimheanna atá le tuilleamh ag an ngnóthas árachais nó athárachais, le linn na bliana dár gcionn agus i ndáil le gach ceann de na 14 réigiún seachas na Réigiúin shonraithe (cuir réigiúin san áireamh de réir mar a shonraítear in Iarscríbhinn III, seachas na cinn a shonraítear in Iarscríbhinn V nó in Iarscríbhinn XIII de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35), le haghaidh an chonartha i ndáil le hoibleagáidí réimeanna gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35: — Dóiteán agus damáiste eile lena n-áirítear riosca creatha talún, lena n-áirítear na hoibleagáidí athárachais chomhréirigh; agus — Árachas muirí, eitlíochta agus iompair, lena gcumhdaítear damáiste do réadmhaoin ar tír de bharr crith talún, lena n-áirítear na hoibleagáidí athárachais chomhréirigh. Beidh na préimheanna comhlán, gan asbhaint préimheanna i gcás conarthaí athárachais.
C0130/R1220	Meastachán ar an bpréimh chomhlán atá le tuilleamh — Crith Talún Iomlán, Réigiúin Eile, roimh éagsúlú	Iomlán an mheastacháin ar na préimheanna atá le tuilleamh ag an ngnóthas árachais nó athárachais, le linn na bliana dár gcionn le haghaidh na réigiún eile.
C0140/R0830–R1020	Neamhchosaint — Réigiún sonraithe	Suim an iomláin faoi árachas in aghaidh gach ceann den 20 réigiún sonraithe le haghaidh na réimeanna gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35: — Dóiteán agus damáiste eile, lena n-áirítear na hoibleagáidí athárachais chomhréirigh, i ndáil le conarthaí lena gcumhdaítear riosca Creatha talún agus i gcás ina mbíonn an riosca lonnaithe sa réigiún sonraithe faoi leith seo; agus — Maidir le réimeanna gnó, árachas muirí, eitlíochta agus iompair, lena n-áirítear na hoibleagáidí athárachais chomhréirigh, i ndáil le conarthaí lena gcumhdaítear damáiste do réadmhaoin ar tír de bharr crith talún agus i gcás ina mbíonn an riosca lonnaithe sa réigiún sonraithe faoi leith seo.
C0140/R1030	Neamhchosaint — Iomlán na Réigiún sonraithe Creatha Talún roimh éagsúlú	Iomlán na neamhchosanta i gcás an 20 réigiún sonraithe.
C0150/R0830–R1020	Caillteanas Comhlán sonraithe — Réigiún sonraithe	Caillteanas comhlán sonraithe Creatha talún i gcás gach ceann den 20 réigiún sonraithe, an éifeacht éagsúlúcháin idir criosanna á cur san áireamh.
C0150/R1030	Caillteanas Comhlán sonraithe — Iomlán na Réigiún sonraithe Creatha Talún roimh éagsúlú	Iomlán an chaillteanais chomhláin shonraithe Creatha Talún i gcás an 20 réigiún sonraithe.
C0160/R0830–R1020	Fachtóir Muirir Riosca Tubaiste roimh mhaolú riosca — Réigiún sonraithe	An Fachtóir Muirir Riosca in aghaidh gach ceann den 20 réigiún sonraithe i gcás Creatha Talún de réir na Foirmle Caighdeánaí, an éifeacht éagsúlúcháin idir criosanna á cur san áireamh.

	MÍR	TREORACHA
C0160/R1030	Fachtóir Muirir Riosca Tubaiste roimh mhaolú riosca — Iomlán na Réigiún sonraithe Creatha Talún roimh éagsúlú	Cóimheas idir caillteanas comhlán sonraithe iomlán agus neamhchosaint iomlán.
C0170/R0830–R1020	Muirear Riosca Tubaiste roimh mhaolú riosca — Réigiún sonraithe	Ceanglas caipitil roimh mhaolú riosca a eascraíonn as Creathanna Talún i ngach ceann den 20 réigiún sonraithe.
C0170/R1030	Muirear Riosca Tubaiste roimh mhaolú riosca — Iomlán na Réigiún sonraithe Creatha Talún roimh éagsúlú	Iomlán an cheanglais caipitil roimh mhaolú riosca a eascraíonn as Creathanna Talún le haghaidh an 20 réigiún sonraithe.
C0170/R1220	Muirear Riosca Tubaiste roimh mhaolú riosca — Iomlán na Réigiún eile Creatha Talún roimh éagsúlú	An ceanglas caipitil roimh mhaolú riosca le haghaidh riosca Creatha Talún i réigiúin seachas na Réigiúin shonraithe. Is é atá ann méid an chaillteanais láithrigh, gan asbhaint na méideanna in-aisghabhála ó na conarthaí athárachais agus na Meáin Shainchuspóireacha.
C0170/R1230	Muirear Riosca Tubaiste roimh mhaolú riosca — Iomlán na Réigiún Creatha Talún uile roimh éagsúlú	Iomlán an cheanglais caipitil roimh mhaolú riosca a eascraíonn as Creathanna Talún le haghaidh na réigiún uile.
C0170/R1240	Muirear Riosca Tubaiste roimh mhaolú riosca — Éifeacht éagsúlúcháin idir réigiúin	Éifeacht éagsúlúcháin a eascraíonn as carnadh na rioscaí Creatha Talún a bhaineann leis na réigiúin éagsúla (idir Réigiúin shonraithe agus Réigiúin eile).
C0170/R1250	Muirear Riosca Tubaiste roimh mhaolú riosca — Iomlán Creatha Talún tar éis éagsúlú	Is é seo an ceanglas caipitil iomlán roimh mhaolú riosca le haghaidh riosca Creatha Talún, an éifeacht éagsúlúcháin a thuairiscítear i mír C0170/R1240 á cur san áireamh.
C0180/R0830–R1020	Maolú riosca measta — Réigiún sonraithe	De réir gach ceann den 20 Réigiún sonraithe, éifeacht mhaolaitheach riosca mheasta chonarthaí athárachais agus meáin shainchuspóireacha shonracha an ghnóthais a bhaineann leis an bpriacal sin, seachas na préimheanna aischurtha measta.
C0180/R1030	Maolú Riosca Measta — Iomlán na Réigiún sonraithe Creatha Talún roimh éagsúlú	Iomlán an Mhaolaithe mheasta Riosca le haghaidh an 20 réigiún sonraithe.
C0180/R1220	Maolú Riosca Measta — Iomlán Creatha Talún — Réigiúin Eile roimh éagsúlú	I gcás na réigiún uile seachas na Réigiúin shonraithe, éifeacht mhaolaitheach riosca mheasta chonarthaí athárachais agus meáin shainchuspóireacha shonracha an ghnóthais a bhaineann leis an bpriacal seo, seachas na préimheanna aischurtha measta.

	MÍR	TREORACHA
C0180/R1230	Maolú Riosca Measta — Iomlán Creatha Talún — Réigiúin uile roimh éagsúlú	Iomlán an Mhaolaithe mheasta Riosca le haghaidh na réigiún uile.
C0190/R0830–R1020	Préimheanna Aischurtha Measta — Réigiún sonraithe	In aghaidh gach ceann den 20 Réigiún sonraithe, na préimheanna aischurtha measta de thoradh chonarthaí athárachais agus meáin shainchuspóireacha shonracha an ghnóthais a bhaineann leis an bpriacal seo.
C0190/R1030	Préimheanna Aischurtha Measta — Iomlán na Réigiún sonraithe Creatha Talún roimh éagsúlú	Iomlán na bpréimheanna aischurtha measta le haghaidh an 20 réigiún sonraithe.
C0190/R1220	Préimheanna Aischurtha Measta — Iomlán Creatha Talún — Réigiúin Eile roimh éagsúlú	I gcás na réigiún uile seachas na Réigiúin shonraithe, na préimheanna aischurtha measta, de thoradh chonarthaí athárachais agus mheáin shainchuspóireacha shonracha an ghnóthais a bhaineann leis an bpriacal seo.
C0190/R1230	Préimheanna Aischurtha Measta — Iomlán Creatha Talún — Réigiúin uile roimh éagsúlú	Iomlán na bpréimheanna aischurtha measta le haghaidh na réigiún uile.
C0200/R0830–R1020	Muirear Riosca Tubaiste tar éis maolú riosca — Réigiún sonraithe	Ceanglas caipitil, tar éis asbhaint éifeacht mhaolaitheach riosca chonarthaí athárachais agus mheáin shainchuspóireacha shonracha an ghnóthais a bhaineann leis an bpriacal seo, a eascraíonn as Crith Talún i ngach ceann den 20 réigiún sonraithe.
C0200/R1030	Muirear Riosca Tubaiste tar éis maolú riosca — Iomlán na Réigiún sonraithe Creatha Talún roimh éagsúlú	Iomlán an cheanglais caipitil, tar éis asbhaint éifeacht mhaolaitheach riosca chonarthaí athárachais agus mheáin shainchuspóireacha shonracha an ghnóthais a bhaineann leis an bpriacal seo, a eascraíonn as Crith Talún le haghaidh an 20 réigiún sonraithe.
C0200/R1220	Muirear Riosca Tubaiste tar éis maolú riosca — Iomlán Creatha Talún — Réigiún eile roimh éagsúlú	Ceanglas caipitil tar éis maolú riosca le haghaidh riosca Creatha Talún i réigiúin seachas na Réigiúin shonraithe. Is é atá ann méid an chaillteanais láithrigh, lena n-áirítear asbhaint na méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais agus Meáin Shainchuspóireacha.
C0200/R1230	Muirear Riosca Tubaiste tar éis maolú riosca — Iomlán Creatha Talún — Réigiún uile roimh éagsúlú	Iomlán an cheanglais caipitil, tar éis asbhaint éifeacht mhaolaitheach riosca chonarthaí athárachais agus mheáin shainchuspóireacha shonracha an ghnóthais a bhaineann leis an bpriacal seo, a eascraíonn as Crith Talún le haghaidh na réigiún uile.
C0200/R1240	Muirear Riosca Tubaiste tar éis maolú riosca — Éifeacht éagsúlúcháin idir réigiúin	Éifeacht éagsúlúcháin a eascraíonn as carnadh an cheanglais caipitil tar éis maoluithe riosca le haghaidh rioscaí Creatha Talún a bhaineann leis na réigiúin éagsúla (idir Réigiúin shonraithe agus Réigiúin eile).
C0200/R1250	Muirear Riosca Tubaiste tar éis maolú riosca — Iomlán Creatha Talún tar éis éagsúlú	Is é seo an ceanglas caipitil iomlán tar éis maolú riosca le haghaidh riosca Creatha Talún, agus an éifeacht éagsúlúcháin a thugtar in C0200/R1240 á cur san áireamh.

	MÍR	TREORACHA
Riosca tubaiste nádúrtha — Tuile		
C0210/R1410–R1580	Meastachán ar na préimheanna comhlána atá le tuilleamh — Réigiúin Eile	Meastachán ar na préimheanna atá le tuilleamh ag an ngnóthas árachais nó athárachais, le linn na bliana dár gcionn agus i ndáil le gach ceann de na 14 réigiún seachas na Réigiúin shonraithe (cuir réigiúin san áireamh de réir mar a shonraítear in Iarscríbhinn III, seachas na cinn a shonraítear in Iarscríbhinn V nó in Iarscríbhinn XIII de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35), le haghaidh an chonartha i ndáil le hoibleagáidí réimeanna gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35: — Dóiteán agus damáiste eile lena n-áirítear riosca tuile, lena n-áirítear na hoibleagáidí athárachais chomhréirigh; — Árachas muirí, eitlíochta agus iompair, lena gcumhdaítear damáiste do réadmhaoin ar tír de bharr tuile, lena n-áirítear na hoibleagáidí athárachais chomhréirigh. — Árachas mótarfheithiclí eile, lena n-áirítear na hoibleagáidí athárachais chomhréirigh. Beidh na préimheanna comhlán, gan asbhaint préimheanna i gcás conarthaí athárachais.
C0210/R1590	Meastachán ar an bpréimh chomhlán atá le tuilleamh — Tuile Iomlán, Réigiúin Eile, roimh éagsúlú	Iomlán an mheastacháin ar na préimheanna atá le tuilleamh ag an ngnóthas árachais nó athárachais, le linn na bliana dár gcionn le haghaidh na réigiún eile.
C0220/R1260–R1390	Neamhchosaint — Réigiún sonraithe	Suim an iomláin faoi árachas in aghaidh gach ceann de na 14 réigiún shonraithe de réimeanna gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35: — Dóiteán agus damáiste eile, lena n-áirítear na hoibleagáidí athárachais chomhréirigh, i ndáil le conarthaí lena gcumhdaítear riosca Tuile agus i gcás ina mbíonn an riosca lonnaithe sa réigiún sonraithe faoi leith seo; — Árachas muirí, eitlíochta agus iompair, lena n-áirítear na hoibleagáidí athárachais chomhréirigh, i ndáil le conarthaí lena gcumhdaítear damáiste do réadmhaoin ar tír de bharr tuile agus i gcás ina mbíonn an riosca lonnaithe sa réigiún sonraithe faoi leith seo. agus — Árachas mótarfheithiclí eile, lena n-áirítear na hoibleagáidí athárachais chomhréirigh, iolraithe faoi 1,5, i ndáil le conarthaí lena gcumhdaítear damáiste do réadmhaoin ar tír de bharr tuile agus i gcás ina mbíonn an riosca lonnaithe sa réigiún sonraithe faoi leith seo.
C0220/R1400	Neamhchosaint — Iomlán na Réigiún sonraithe Tuile roimh éagsúlú	Iomlán na neamhchosanta i gcás na 14 réigiún shonraithe.
C0230/R1260–R1390	Caillteanas Comhlán sonraithe — Réigiún sonraithe	Caillteanas comhlán sonraithe Tuile i ngach ceann de na 14 réigiún shonraithe, an éifeacht éagsúlúcháin idir criosanna á cur san áireamh.
C0230/R1400	Caillteanas Comhlán sonraithe — Iomlán na Réigiún sonraithe Tuile roimh éagsúlú	Iomlán an chaillteanais chomhláin shonraithe Tuile i gcás na 14 réigiún shonraithe.

	MÍR	TREORACHA
C0240/R1260–R1390	Fachtóir Muirir Riosca Tubaiste roimh mhaolú riosca — Réigiún sonraithe	An Fachtóir Muirir Riosca in aghaidh gach ceann de na 14 réigiún shonraithe i gcás Tuile de réir na Foirmle Caighdeánaí, an éifeacht éagsúlúcháin idir criosanna á cur san áireamh.
C0240/R1400	Fachtóir Muirir Riosca Tubaiste roimh mhaolú riosca — Iomlán na Réigiún sonraithe Tuile roimh éagsúlú	Cóimheas idir caillteanas comhlán sonraithe iomlán agus neamhchosaint iomlán.
C0030/R0080	Árachas dóiteáin agus árachas le haghaidh damáiste eile do mhaoin agus athárachas comhréireach — An glanmheastachán is fearr (ar athárachas/MSC) agus forálacha teicniúla a ríomhtar ina n-iomláine — gníomhaíochtaí neamhshaoil	Is iad sin na forálacha teicniúla le haghaidh árachas dóiteáin agus árachas le haghaidh damáiste eile do mhaoin agus athárachas comhréireach, gan corrlach riosca tar éis na méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais agus MSCanna, le híosráta cothrom le nialas, a bhaineann le gníomhaíochtaí neamhshaoil.
C0040/R0080	Árachas dóiteáin agus árachas le haghaidh damáiste eile do mhaoin agus athárachas comhréireach — glan ar phréimheanna scríofa (athárachais) le 12 mhí anuas — gníomhaíochtaí neamhshaoil	Is iad sin na préimheanna arna scríobh le haghaidh árachas dóiteáin agus árachas le haghaidh damáiste eile do mhaoin agus athárachas comhréireach le linn an 12 mhí (rollach) dheireanacha, tar éis préimheanna le haghaidh conarthaí athárachais a asbhaint, le híosráta cothrom le nialas, a bhaineann le gníomhaíochtaí neamhshaoil. Déanfar méid na gcánacha nó na muirear a thoibhítear le préimheanna a eisiamh ó na préimheanna scríofa.
C0050/R0080	Árachas dóiteáin agus árachas le haghaidh damáiste eile do mhaoin agus athárachas comhréireach – An glanmheastachán is fearr (ar athárachas/MSC) agus forálacha teicniúla a ríomhtar ina n-iomláine – gníomhaíochtaí saoil	Is iad sin na forálacha teicniúla le haghaidh árachas dóiteáin agus árachas le haghaidh damáiste eile do mhaoin agus athárachas comhréireach, gan corrlach riosca tar éis na méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais agus SPVanna, le híosráta cothrom le nialas, a bhaineann le gníomhaíochtaí saoil.
C0060/R0080	Árachas dóiteáin agus árachas le haghaidh damáiste eile do mhaoin agus athárachas comhréireach – Glan ar phréimheanna scríofa (athárachais) le 12 mhí anuas – gníomhaíochtaí saoil	Is iad sin na préimheanna arna scríobh le haghaidh árachas dóiteáin agus árachas le haghaidh damáiste eile do mhaoin agus athárachas comhréireach le linn na 12 mhí (rollach) dheireanacha, tar éis préimheanna le haghaidh conarthaí athárachais a asbhaint, le híosráta cothrom le nialas, a bhaineann le gníomhaíochtaí saoil. Déanfar méid na gcánacha nó na muirear a thoibhítear le préimheanna a eisiamh ó na préimheanna scríofa.

	ÍTIM	TREORACHA
C0030/R0090	Árachas dliteanais ghinearálta agus athárachas comhréireach — An glanmheastachán is fearr (ar athárachas/MSC) agus forálacha teicniúla a ríomhtar ina n-iomláine — gníomhaíochtaí neamhshaoil	Is iad sin na forálacha teicniúla le haghaidh árachas dliteanais ghinearálta agus athárachas comhréireach, gan corrlach riosca tar éis na méideanna in-aisghabhála a asbhaint ó chonarthaí athárachais agus MSCanna, le híosráta cothrom le nialas, a bhaineann le gníomhaíochtaí neamhshaoil.
C0040/R0090	Árachas dliteanais ghinearálta agus athárachas comhréireach – glanphréimheanna scríofa (ar athárachas) le 12 mhí anuas — gníomhaíochtaí neamhshaoil	Is iad sin na préimheanna arna scríobh le haghaidh árachas dliteanais ghinearálta agus athárachas comhréireach le linn an 12 mhí (rollach) dheireanacha, tar éis préimheanna le haghaidh conarthaí athárachais a asbhaint, le híosráta cothrom le nialas, a bhaineann le gníomhaíochtaí neamhshaoil. Déanfar méid na gcánacha nó na muirear a thoibhítear le préimheanna a eisiamh ó na préimheanna scríofa.
C0050/R0090	Árachas dliteanais ghinearálta agus athárachas comhréireach – An glanmheastachán is fearr (ar athárachas/MSC) agus forálacha teicniúla a ríomhtar ina n-iomláine – gníomhaíochtaí saoil	Is iad sin na forálacha teicniúla le haghaidh árachas dliteanais ghinearálta agus athárachas comhréireach, gan corrlach riosca tar éis na méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais agus SPVanna, le híosráta cothrom le nialas, a bhaineann le gníomhaíochtaí saoil.
C0060/R0090	Árachas dliteanais ghinearálta agus athárachas comhréireach – Glanphréimheanna scríofa (ar athárachas) le 12 mhí anuas – gníomhaíochtaí saoil	Is iad sin na préimheanna arna scríobh le haghaidh árachas dliteanais ghinearálta agus athárachas comhréireach le linn na 12 mhí (rollach) dheireanacha, tar éis préimheanna le haghaidh conarthaí athárachais a asbhaint, le híosráta cothrom le nialas, a bhaineann le gníomhaíochtaí saoil. Déanfar méid na gcánacha nó na muirear a thoibhítear le préimheanna a eisiamh ó na préimheanna scríofa.
C0030/R0100	Árachas creidmheasa agus urraíochta agus athárachas comhréireach — An glanmheastachán is fearr (ar athárachas/MSC) agus forálacha teicniúla a ríomhtar ina n-iomláine — gníomhaíochtaí neamhshaoil	Is iad sin na forálacha teicniúla le haghaidh árachas creidmheasa agus urraíochta agus athárachas comhréireach, gan corrlach riosca tar éis na méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais agus MSCanna, le híosráta cothrom le nialas, a bhaineann le gníomhaíochtaí neamhshaoil.
C0040/R0100	Árachas creidmheasa agus urraíochta agus athárachas comhréireach – glan ar phréimheanna scríofa (athárachais) le 12 mhí anuas — gníomhaíochtaí neamhshaoil	Is iad sin na préimheanna arna scríobh le haghaidh árachas creidmheasa agus urraíochta agus athárachas comhréireach le linn an 12 mhí (rollach) dheireanacha, tar éis préimheanna le haghaidh conarthaí athárachais a asbhaint, le híosráta cothrom le nialas, a bhaineann le gníomhaíochtaí neamhshaoil. Déanfar méid na gcánacha nó na muirear a thoibhítear le préimheanna a eisiamh ó na préimheanna scríofa.
C0050/R0100	Árachas creidmheasa agus urraíochta agus athárachas comhréireach – An glanmheastachán is fearr (ar athárachas/MSC) agus forálacha teicniúla a ríomhtar ina n-iomláine – gníomhaíochtaí saoil	Is iad sin na forálacha teicniúla le haghaidh árachas creidmheasa agus urraíochta agus athárachas comhréireach, gan corrlach riosca tar éis na méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais agus SPVanna, le híosráta cothrom le nialas, a bhaineann le gníomhaíochtaí saoil.

	ÍTIM	TREORACHA
C0060/R0100	Árachas creidmheasa agus urraíochta agus athárachas comhréireach – glan ar phréimheanna scríofa (athárachais) le 12 mhí anuas – gníomhaíochtaí saoil	Is iad sin na préimheanna arna scríobh le haghaidh árachas creidmheasa agus urraíochta agus athárachas comhréireach le linn na 12 mhí (rollach) dheireanacha, tar éis préimheanna le haghaidh conarthaí athárachais a asbhaint, le híosráta cothrom le nialas, a bhaineann le gníomhaíochtaí saoil. Déanfar méid na gcánacha nó na muirear a thoibhítear le préimheanna a eisiamh ó na préimheanna scríofa.
C0030/R0110	Árachas costas dlí agus athárachas comhréireach — An glanmheastachán is fearr (ar athárachas/MSC) agus forálacha teicniúla a ríomhtar ina n-iomláine — gníomhaíochtaí neamhshaoil	Is iad sin na forálacha teicniúla le haghaidh árachas costas dlí agus athárachas comhréireach, gan corrlach riosca tar éis na méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais agus MSCanna, le híosráta cothrom le nialas, a bhaineann le gníomhaíochtaí neamhshaoil.
C0040/R0110	Árachas costas dlí agus athárachas comhréireach – glan ar phréimheanna scríofa (athárachais) le 12 mhí anuas — gníomhaíochtaí neamhshaoil	Is iad sin na préimheanna arna scríobh le haghaidh árachas costas dlí agus athárachas comhréireach le linn an 12 mhí (rollach) dheireanacha, tar éis préimheanna le haghaidh conarthaí athárachais a asbhaint, le híosráta cothrom le nialas, a bhaineann le gníomhaíochtaí neamhshaoil. Déanfar méid na gcánacha nó na muirear a thoibhítear le préimheanna a eisiamh ó na préimheanna scríofa.
C0050/R0110	Árachas costas dlí agus athárachas comhréireach – An glanmheastachán is fearr (ar athárachas/MSC) agus forálacha teicniúla a ríomhtar ina n-iomláine – gníomhaíochtaí saoil	Is iad sin na forálacha teicniúla le haghaidh árachas costais dlí agus athárachas comhréireach, gan corrlach riosca tar éis na méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais agus SPVanna, le híosráta cothrom le nialas, a bhaineann le gníomhaíochtaí saoil.
C0060/R0110	Árachas costas dlí agus athárachas comhréireach – glan ar phréimheanna scríofa (athárachais) le 12mhí anuas – gníomhaíochtaí saoil	Is iad sin na préimheanna arna scríobh le haghaidh árachas costais dlí agus athárachas comhréireach le linn na 12 mhí (rollach) dheireanacha, tar éis préimheanna le haghaidh conarthaí athárachais a asbhaint, le híosráta cothrom le nialas, a bhaineann le gníomhaíochtaí saoil. Déanfar méid na gcánacha nó na muirear a thoibhítear le préimheanna a eisiamh ó na préimheanna scríofa.
C0030/R0120	Cúnamh agus athárachas comhréireach — An glanmheastachán is fearr (ar athárachas/MSC) agus forálacha teicniúla a ríomhtar ina n-iomláine — gníomhaíochtaí neamhshaoil	Is iad sin na forálacha teicniúla le haghaidh cúnaimh agus a athárachas comhréireach, gan corrlach riosca tar éis na méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais agus MSCanna, le híosráta cothrom le nialas, a bhaineann le gníomhaíochtaí neamhshaoil.
C0040/R0120	Athárachas cúnaimh agus comhréireach – glanphréimheanna scríofa (ar athárachas) le 12 mhí anuas — gníomhaíochtaí neamhshaoil	Is iad sin na préimheanna arna scríobh le haghaidh cúnaimh agus a athárachas comhréireach le linn an 12 mhí (rollach) dheireanacha, tar éis préimheanna le haghaidh conarthaí athárachais a asbhaint, le híosráta cothrom le nialas, a bhaineann le gníomhaíochtaí neamhshaoil. Déanfar méid na gcánacha nó na muirear a thoibhítear le préimheanna a eisiamh ó na préimheanna scríofa.

	ÍTIM	TREORACHA
C0050/R0120	Athárachas cúnaimh agus comhréireach – An glanmheastachán is fearr (ar athárachas/MSC) agus forálacha teicniúla a ríomhtar ina n-iomláine – gníomhaíochtaí saoil	Is iad sin na forálacha teicniúla le haghaidh cúnaimh agus a athárachas comhréireach, gan corrlach riosca tar éis na méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais agus SPVanna, le híosráta cothrom le nialas, a bhaineann le gníomhaíochtaí saoil.
C0060/R0120	Athárachas cúnaimh agus comhréireach – Glanphréimheanna scríofa (ar athárachas) le 12 mhí anuas – gníomhaíochtaí saoil	Is iad sin na préimheanna arna scríobh le haghaidh cúnaimh agus a athárachas comhréireach le linn na 12 mhí (rollach) dheireanacha, tar éis préimheanna le haghaidh conarthaí athárachais a asbhaint, le híosráta cothrom le nialas, a bhaineann le gníomhaíochtaí saoil. Déanfar méid na gcánacha nó na muirear a thoibhítear le préimheanna a eisiamh ó na préimheanna scríofa.
C0030/R0130	Árachas caillteanais airgeadais ilghnéitheach agus athárachas comhréireach — An glanmheastachán is fearr (ar athárachas/MSC) agus forálacha teicniúla a ríomhtar ina n-iomláine — gníomhaíochtaí neamhshaoil	Is iad sin na forálacha teicniúla le haghaidh árachas caillteanais airgeadais ilghnéitheach agus athárachas comhréireach, gan corrlach riosca tar éis na méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais agus MSCanna a asbhaint, le híosráta cothrom le nialas, a bhaineann le gníomhaíochtaí neamhshaoil.
C0040/R0130	Árachas caillteanas airgeadais ilghnéitheach agus athárachas comhréireach – glanphréimheanna scríofa (ar athárachas) le 12 mhí anuas — gníomhaíochtaí neamhshaoil	Is iad sin na préimheanna arna scríobh le haghaidh árachas caillteanais airgeadais ilghnéitheach agus athárachas comhréireach le linn an 12 mhí (rollach) dheireanacha, tar éis préimheanna le haghaidh conarthaí athárachais a asbhaint, le híosráta cothrom le nialas, a bhaineann le gníomhaíochtaí neamhshaoil. Déanfar méid na gcánacha nó na muirear a thoibhítear le préimheanna a eisiamh ó na préimheanna scríofa.
C0050/R0130	Árachas caillteanais airgeadais ilghnéitheach agus athárachas comhréireach – An glanmheastachán is fearr (ar athárachas/MSC) agus forálacha teicniúla a ríomhtar ina n-iomláine – gníomhaíochtaí saoil	Is iad sin na forálacha teicniúla le haghaidh árachas caillteanas airgeadais ilghnéitheach agus athárachas comhréireach, gan corrlach riosca tar éis na méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais agus SPVanna, le híosráta cothrom le nialas, a bhaineann le gníomhaíochtaí saoil.
C0060/R0130	Árachas caillteanas airgeadais ilghnéitheach agus athárachas comhréireach – Glanphréimheanna scríofa (ar athárachas) le 12 mhí anuas – gníomhaíochtaí saoil	Is iad sin na préimheanna arna scríobh le haghaidh árachas caillteanas airgeadais ilghnéitheach agus athárachas comhréireach le linn na 12 mhí (rollach) dheireanacha, tar éis préimheanna le haghaidh conarthaí athárachais a asbhaint, le híosráta cothrom le nialas, a bhaineann le gníomhaíochtaí saoil. Déanfar méid na gcánacha nó na muirear a thoibhítear le préimheanna a eisiamh ó na préimheanna scríofa.

	ÍTIM	TREORACHA
C0030/R0140	Athárachas sláinte neamhréireach — An glanmheastachán is fearr (ar athárachas/MSC) agus forálacha teicniúla a ríomhtar ina n-iomláine — gníomhaíochtaí neamhshaoil	Is iad sin na forálacha teicniúla le haghaidh athárachas sláinte neamhréireach, gan corrlach riosca tar éis na méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais agus MSCanna, le híosráta cothrom le nialas, a bhaineann le gníomhaíochtaí neamhshaoil.
C0040/R0140	Athárachas sláinte neamhréireach – glanphréimheanna scríofa (ar athárachas) le 12 mhí anuas — gníomhaíochtaí neamhshaoil	Is iad sin na préimheanna arna scríobh le haghaidh athárachas sláinte neamhréireach le linn an 12 mhí (rollach) dheireanacha, tar éis préimheanna le haghaidh conarthaí athárachais a asbhaint, le híosráta cothrom le nialas, a bhaineann le gníomhaíochtaí neamhshaoil. Déanfar méid na gcánacha nó na muirear a thoibhítear le préimheanna a eisiamh ó na préimheanna scríofa.
C0050/R0140	Athárachas sláinte neamhréireach – An glanmheastachán is fearr (ar athárachas/MSC) agus forálacha teicniúla a ríomhtar ina n-iomláine – gníomhaíochtaí saoil	Is iad sin na forálacha teicniúla le haghaidh athárachas sláinte neamhréireach, gan corrlach riosca tar éis na méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais agus MSCanna, le híosráta cothrom le nialas, a bhaineann le gníomhaíochtaí saoil.
C0060/R0140	Athárachas sláinte neamhréireach – Glanphréimheanna scríofa (ar athárachas) le 12 mhí anuas – gníomhaíochtaí saoil	Is iad sin na préimheanna arna scríobh le haghaidh athárachas sláinte neamhréireach le linn an 12 mhí (rollach) dheireanacha, tar éis préimheanna le haghaidh conarthaí athárachais a asbhaint, le híosráta cothrom le nialas, a bhaineann le gníomhaíochtaí saoil. Déanfar méid na gcánacha nó na muirear a thoibhítear le préimheanna a eisiamh ó na préimheanna scríofa.
C0030/R0150	Athárachas taisme neamhréireach — An glanmheastachán is fearr (ar athárachas/MSC) agus forálacha teicniúla a ríomhtar ina n-iomláine — gníomhaíochtaí neamhshaoil	Is iad sin na forálacha teicniúla le haghaidh athárachas taisme neamhréireach, gan corrlach riosca tar éis na méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais agus MSCanna, le híosráta cothrom le nialas, a bhaineann le gníomhaíochtaí neamhshaoil.
C0040/R0150	Athárachas taisme neamhréireach – glanphréimheanna scríofa (ar athárachas) le 12 mhí anuas — gníomhaíochtaí neamhshaoil	Is iad sin na préimheanna arna scríobh le haghaidh athárachas taisme neamhréireach le linn an 12 mhí (rollach) dheireanacha, tar éis préimheanna le haghaidh conarthaí athárachais a asbhaint, le híosráta cothrom le nialas, a bhaineann le gníomhaíochtaí neamhshaoil. Déanfar méid na gcánacha nó na muirear a thoibhítear le préimheanna a eisiamh ó na préimheanna scríofa.
C0050/R0150	Athárachas taisme neamhréireach – An glanmheastachán is fearr (ar athárachas/MSC) agus forálacha teicniúla a ríomhtar ina n-iomláine – gníomhaíochtaí saoil	Is iad sin na forálacha teicniúla le haghaidh athárachas taisme neamhréireach, gan corrlach riosca tar éis na méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais agus MSCanna a asbhaint, le híosráta cothrom le nialas, a bhaineann le gníomhaíochtaí saoil.
C0060/R0150	Athárachas taisme neamhréireach – Glanphréimheanna scríofa (ar athárachas) le 12 mhí anuas – gníomhaíochtaí saoil	Is iad sin na préimheanna arna scríobh le haghaidh athárachas taisme neamhréireach le linn na 12 mhí (rollach) dheireanacha, tar éis préimheanna le haghaidh conarthaí athárachais a asbhaint, le híosráta cothrom le nialas, a bhaineann le gníomhaíochtaí saoil. Déanfar méid na gcánacha nó na muirear a thoibhítear le préimheanna a eisiamh ó na préimheanna scríofa.

	ÍTIM	TREORACHA
C0030/R0160	Athárachas neamhréireach muirí, eitlíochta agus iompair — An glanmheastachán is fearr (ar athárachas/MSC) agus forálacha teicniúla a ríomhtar ina n-iomláine — gníomhaíochtaí neamhshaoil	Is iad sin na forálacha teicniúla le haghaidh athárachas neamhréireach muirí, eitlíochta agus iompair, gan corrlach riosca tar éis na méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais agus MSCanna a asbhaint, le híosráta cothrom le nialas, a bhaineann le gníomhaíochtaí neamhshaoil.
C0040/R0160	Athárachas neamhréireach muirí, eitlíochta agus iompair – glanphréimheanna scríofa (ar athárachas) le 12 mhí anuas — gníomhaíochtaí neamhshaoil	Is iad sin na préimheanna arna scríobh le haghaidh athárachas neamhréireach muirí, eitlíochta agus iompair le linn na 12 mhí (rollach) dheireanacha, tar éis préimheanna le haghaidh conarthaí athárachais a asbhaint, le híosráta cothrom le nialas, a bhaineann le gníomhaíochtaí neamhshaoil. Déanfar méid na gcánacha nó na muirear a thoibhítear le préimheanna a eisiamh ó na préimheanna scríofa.
C0050/R0160	Athárachas neamhréireach muirí, eitlíochta agus iompair – An glanmheastachán is fearr (ar athárachas/MSC) agus forálacha teicniúla a ríomhtar ina n-iomláine – gníomhaíochtaí saoil	Is iad sin na forálacha teicniúla le haghaidh athárachas neamhréireach muirí, eitlíochta agus iompair, gan corrlach riosca tar éis na méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais agus MSCanna a asbhaint, le híosráta cothrom le nialas, a bhaineann le gníomhaíochtaí saoil.
C0060/R0160	Athárachas neamhréireach muirí, eitlíochta agus iompair – Glanphréimheanna scríofa (ar athárachas) le 12 mhí anuas – gníomhaíochtaí saoil	Is iad sin na préimheanna arna scríobh le haghaidh athárachas neamhréireach muirí, eitlíochta agus iompair le linn na 12 mhí (rollach) dheireanacha, tar éis préimheanna le haghaidh conarthaí athárachais a asbhaint, le híosráta cothrom le nialas, a bhaineann le gníomhaíochtaí saoil. Déanfar méid na gcánacha nó na muirear a thoibhítear le préimheanna a eisiamh ó na préimheanna scríofa.
C0030/R0170	Athárachas neamhréireach maoine — An glanmheastachán is fearr (ar athárachas/MSC) agus forálacha teicniúla a ríomhtar ina n-iomláine — gníomhaíochtaí neamhshaoil	Is iad sin na forálacha teicniúla le haghaidh athárachas neamhréireach maoine, gan corrlach riosca tar éis na méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais agus MSCanna a asbhaint, le híosráta cothrom le nialas, a bhaineann le gníomhaíochtaí neamhshaoil.
C0040/R0170	Athárachas neamhréireach maoine – glanphréimheanna scríofa (ar athárachas) le 12 mhí anuas – gníomhaíochtaí neamhshaoil	Is iad sin na préimheanna arna scríobh le haghaidh athárachas neamhréireach maoine le linn na 12 mhí (rollach) dheireanacha, tar éis préimheanna le haghaidh conarthaí athárachais a asbhaint, le híosráta cothrom le nialas, a bhaineann le gníomhaíochtaí neamhshaoil. Déanfar méid na gcánacha nó na muirear a thoibhítear le préimheanna a eisiamh ó na préimheanna scríofa.
C0050/R0170	Athárachas neamhréireach maoine – An glanmheastachán is fearr (ar athárachas/MSC) agus forálacha teicniúla a ríomhtar ina n-iomláine – gníomhaíochtaí saoil	Is iad sin na forálacha teicniúla le haghaidh athárachas neamhréireach maoine, gan corrlach riosca tar éis na méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais agus MSCanna, le híosráta cothrom le nialas, a bhaineann le gníomhaíochtaí saoil.
C0060/R0170	Athárachas neamhréireach maoine – Glanphréimheanna scríofa (ar athárachas) le 12 mhí anuas – gníomhaíochtaí saoil	Is iad sin na préimheanna arna scríobh le haghaidh athárachas neamhréireach maoine le linn an 12 mhí (rollach) dheireanacha, tar éis préimheanna le haghaidh conarthaí athárachais a asbhaint, le híosráta cothrom le nialas, a bhaineann le gníomhaíochtaí saoil. Déanfar méid na gcánacha nó na muirear a thoibhítear le préimheanna a eisiamh ó na préimheanna scríofa.

	ÍTIM	TREORACHA
C0070/R0200	Comhpháirt Foirmle líní le haghaidh oibleagáidí árachais agus athárachais saoil – $MCR_{(L, NL)}$ Toradh	Is é seo an chomhpháirt foirmle líní le haghaidh oibleagáidí árachais agus athárachais saoil a bhaineann le gníomhaíochtaí árachais neamhshaoil arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 252(4) agus (5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
C0080/R0200	Comhpháirt Foirmle líní le haghaidh oibleagáidí árachais agus athárachais saoil – $MCR_{(L, L)}$ Toradh	Is é sin an chomhpháirt foirmle líní le haghaidh oibleagáidí árachais agus athárachais saoil a bhaineann le gníomhaíochtaí árachais saoil arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 252(9) agus (10) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
C0090/R0210	Oibleagáidí le roinnt an bhrabúis — sochair faoi ráthaíocht — An glanmheastachán is fearr (ar athárachas/MSC) agus forálacha teicniúla a ríomhtar ina n-iomláine — gníomhaíochtaí neamhshaoil	Is iad sin na forálacha teicniúla gan corrlach riosca le haghaidh sochair faoi ráthaíocht i leith oibleagáidí árachais saoil le roinnt an bhrabúis, tar éis na méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais agus MSCanna a asbhaint, le híosráta cothrom le nialas, a bhaineann le gníomhaíochtaí saoil agus forálacha teicniúla gan corrlach riosca le haghaidh oibleagáidí athárachais i gcás ina n-áirítear leis na hoibleagáidí árachais foluiteacha roinnt an bhrabúis, tar éis na méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais agus MSCanna a asbhaint, le híosráta cothrom le nialas, a bhaineann le gníomhaíochtaí neamhshaoil.
C0110/R0210	Oibleagáidí le roinnt an bhrabúis — sochair faoi ráthaíocht — An glanmheastachán is fearr (ar athárachas/MSC) agus forálacha teicniúla a ríomhtar ina n-iomláine – gníomhaíochtaí saoil	Is iad sin na forálacha teicniúla gan corrlach riosca le haghaidh sochair faoi ráthaíocht i leith oibleagáidí árachais saoil le comhroinnt bhrabúis, tar éis na méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais agus SPVanna a aisghabháil, le híosráta cothrom le nialas, a bhaineann le gníomhaíochtaí saoil agus forálacha teicniúla gan corrlach riosca le haghaidh oibleagáidí athárachais i gcás ina n-áirítear leis na hoibleagáidí árachais foluiteacha comhroinnt brabúis, tar éis na méideanna in-aisghabhála ó na conarthaí athárachais agus SPVanna a asbhaint, le híosráta cothrom le nialas, a bhaineann le gníomhaíochtaí saoil.
C0090/R0220	Oibleagáidí le roinnt an bhrabúis — sochair lánroghnacha todhchaí — An glanmheastachán is fearr (ar athárachas/MSC) agus forálacha teicniúla a ríomhtar ina n-iomláine — gníomhaíochtaí neamhshaoil	Is iad sin na forálacha teicniúla gan corrlach riosca le haghaidh sochair lánroghnacha todhchaí i leith oibleagáidí árachais saoil le roinnt an bhrabúis, tar éis na méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais agus MSCanna a asbhaint, le híosráta cothrom le nialas, a bhaineann le gníomhaíochtaí neamhshaoil.
C0110/R0220	Oibleagáidí le roinnt an bhrabúis — sochair lánroghnacha todhchaí — An glanmheastachán is fearr (ar athárachas/MSC) agus forálacha teicniúla a ríomhtar ina n-iomláine – gníomhaíochtaí saoil	Is iad sin na forálacha teicniúla gan corrlach riosca le haghaidh sochair lánroghnacha todhchaí i leith oibleagáidí árachais saoil le comhroinnt brabúis, tar éis na méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais agus SPVanna a asbhaint, le híosráta cothrom le nialas, a bhaineann le gníomhaíochtaí saoil.
C0090/R0230	Oibleagáidí árachais innéacsnasctha agus aonadnasctha — An glanmheastachán is fearr (ar athárachas/MSC) agus forálacha teicniúla a ríomhtar ina n-iomláine — gníomhaíochtaí neamhshaoil	Is iad sin na forálacha teicniúla gan corrlach riosca le haghaidh oibleagáidí árachais saoil innéacsnasctha agus aonadnasctha agus oibleagáidí athárachais i ndáil le hoibleagáidí athárachais den sórt sin a bhaineann le hoibleagáidí árachais den sórt sin, tar éis na méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais agus MSCanna a asbhaint, le híosráta cothrom le nialas, a bhaineann le gníomhaíochtaí neamhshaoil.

	ÍTIM	TREORACHA
C0110/R0230	Oibleagáidí árachais innéacsnasctha agus aonadnasctha — An glanmheastachán is fearr (ar athárachas/MSC) agus forálacha teicniúla a ríomhtar ina n-iomláine — gníomhaíochtaí saoil	Is iad sin na forálacha teicniúla gan corrlach riosca le haghaidh oibleagáidí árachais saoil innéacsnasctha agus aonadnasctha agus oibleagáidí athárachais i ndáil le hoibleagáidí athárachais den sórt sin a bhaineann le hoibleagáidí árachais den sórt sin, tar éis na méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais agus MSCanna a asbhaint, le híosráta cothrom le nialas, a bhaineann le gníomhaíochtaí saoil.
C0090/R0240	Oibleagáidí (ath)árachais saoil agus (ath)árachais sláinte eile – An glanmheastachán is fearr (ar athárachas/MSC) agus forálacha teicniúla a ríomhtar ina n-iomláine — gníomhaíochtaí neamhshaoil	Is iad sin na forálacha teicniúla gan corrlach riosca le haghaidh oibleagáidí árachais saoil agus oibleagáidí athárachais eile i ndáil le hoibleagáidí athárachais den sórt sin a bhaineann le hoibleagáidí árachais den sórt sin, tar éis na méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais agus MSC a asbhaint, le híosráta cothrom le nialas, a bhaineann le gníomhaíochtaí neamhshaoil.
C0110/R0240	Oibleagáidí (ath)árachais saoil agus (ath)árachais sláinte eile – An glanmheastachán is fearr (ar athárachas/MSC) agus forálacha teicniúla a ríomhtar ina n-iomláine – gníomhaíochtaí saoil	Is iad sin na forálacha teicniúla gan corrlach riosca le haghaidh oibleagáidí árachais saoil agus oibleagáidí athárachais eile i ndáil le hoibleagáidí athárachais den sórt sin a bhaineann le hoibleagáidí árachais den sórt sin, tar éis na méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais agus SPV a asbhaint, le híosráta cothrom le nialas, a bhaineann le gníomhaíochtaí saoil.
C0100/R0250	Caipiteal iomlán faoi riosca le haghaidh gach oibleagáide (ath)árachais saoil – Glanchaipiteal iomlán (ar athárachas/MSC) faoi riosca – gníomhaíochtaí neamhshaoil	Is é sin an caipiteal iomlán faoi riosca, arb é suim thar na conarthaí ar fad í as a n-eascraíonn oibleagáidí árachais nó athárachais saoil de na méideanna is mó a d'íocfadh an gnóthas árachais i gcás bhás nó mhíchumas na ndaoine árachaithe faoin gconradh tar éis na méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais agus meáin shainchuspóireacha i gcás den sórt sin a asbhaint, agus luach láithreach ionchasach na mblianachtaí is iníoctha ar bhás nó míchumas lúide an glanmheastachán is fearr, le híosráta cothrom le nialas, a bhaineann le gníomhaíochtaí neamhshaoil.
C0120/R0250	Caipiteal iomlán faoi riosca le haghaidh gach oibleagáid (ath) árachais saoil – Glanchaipiteal iomlán (ar athárachas/MSC) faoi riosca – gníomhaíochtaí saoil	Is é sin an caipiteal iomlán faoi riosca, arb é suim thar na conarthaí ar fad í as a n-eascraíonn oibleagáidí árachais nó athárachais saoil de na méideanna is mó a d'íocfadh gnóthas árachais i gcás bhás nó mhíchumas na ndaoine árachaithe faoin gconradh tar éis na méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais agus meáin shainchuspóireacha i gcás den sórt sin a asbhaint, agus luach láithreach ionchasach na mblianachtaí is iníoctha ar bhás nó míchumas lúide an glanmheastachán is fearr, le híosráta cothrom le nialas, a bhaineann le gníomhaíochtaí saoil.
C0130/R0300	Ríomh MCR foriomlán – MCR líneach	Beidh an tíoscheanglas Caipitil líneach cothrom le suim na comhpháirte foirmle líní le haghaidh árachais agus athárachais neamhshaoil agus an chomhpháirt foirmle líneach MCR le haghaidh oibleagáidí árachais agus athárachais saoil arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 249 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.

	ÍTIM	TREORACHA
C0130/R0310	Ríomh MCR foriomlán – SCR	Is é sin an SCR is déanaí lena ríomh agus lena thuairisciú i gcomhréir le hAirteagail 103 go 127 de Threoir 2009/138/CE, an ceann bliantúil nó ceann níos déanaí i gcás go ndearnadh an SCR a athríomh (e.g. mar gheall ar athrú sa phróifíl riosca), lena n-áirítear forlíontán caipitil. I gcás gnóthais a úsáideann samhail inmheánach nó samhail pháirt-inmheánach chun SCR a ríomh, tagróidh siad don SCR ábhartha, seachas i gcás faoi Airteagal 129(3) de Threoir 2009/138/CE go n-éilíonn an maoirseoir náisiúnta tagairt don fhoirmle chaighdeánach.
C0130/R0320	Ríomh MCR foriomlán – uasráta MCR	Ríomhtar é sin mar 45 % de SCR lena n-áirítear aon fhorlíontán caipitil i gcomhréir le hAirteagal 129(3) de Threoir 2009/138/CE.
C0130/R0330	Ríomh MCR foriomlán – íosráta MCR	Ríomhtar é sin mar 25 % de SCR lena n-áirítear aon fhorlíontán caipitil i gcomhréir le hAirteagal 129(3) de Threoir 2009/138/CE.
C0130/R0340	Ríomh MCR foriomlán – SCR comhcheangailte	Tá sé seo mar thoradh as an gcomhpháirt foirmle arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 248(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
C0130/R0350	Ríomh MCR foriomlán – Dearbh-íosráta MCR	Ríomhtar é sin mar a shainmhínítear in Airteagal 129(1) de Threoir 2009/138/CE agus Airteagal 253 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
C0130/R0400	Íoscheanglas Caipitil	Tá sé seo mar thoradh as an gcomhpháirt foirmle arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 248(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
C0140/R0500	Ríomh MCR neamhshaoil agus saoil barúlach — MCR líneach barúlach — gníomhaíochtaí neamhshaoil	Ríomhtar é sin i gcomhréir le hAirteagal 252(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
C0150/R0500	Ríomh MCR neamhshaoil agus saoil barúlach — MCR líneach barúlach — gníomhaíochtaí saoil	Ríomhtar é sin i gcomhréir le hAirteagal 252(9) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
C0140/R0510	Ríomh MCR neamhshaoil agus saoil barúlach — SCR barúlach gan forlíontán a áireamh (ríomh bliantúil nó an ríomh is déanaí) – gníomhaíochtaí neamhshaoil	Is é sin an SCR barúlach is déanaí lena ríomh agus lena thuairisciú i gcomhréir le hAirteagail 103 go 127 de Threoir 2009/138/CE, an ceann bliantúil nó ceann níos déanaí i gcás go ndearnadh SCR barúlach a athríomh (e.g. mar gheall ar athrú sa phróifíl riosca), gan forlíontán caipitil a áireamh. I gcás gnóthais a úsáideann samhail inmheánach nó samhail pháirt-inmheánach chun SCR a ríomh, tagróidh siad don SCR ábhartha, seachas i gcás faoi Airteagal 129(3) de Threoir 2009/138/CE go n-éilíonn an maoirseoir náisiúnta tagairt d'fhoirmle chaighdeánach.

	ÍTIM	TREORACHA
C0150/R0510	Ríomh MCR neamhshaoil agus saoil barúlach — SCR barúlach gan forlíontán a áireamh (ríomh bliantúil nó an ríomh is déanaí) – gníomhaíochtaí saoil	Is é sin an SCR barúlach is déanaí lena ríomh agus lena thuairisciú i gcomhréir le hAirteagail 103 go 127 de Threoir 2009/138/CE, an ceann bliantúil nó ceann níos déanaí i gcás go ndearnadh an SCR barúlach a athríomh (e.g. mar gheall ar athrú sa phróifíl riosca), gan forlíontán caipitil a áireamh. I gcás gnóthais a úsáideann samhail inmheánach nó samhail pháirt-inmheánach chun an SCR a ríomh, tagróidh siad don SCR ábhartha, seachas i gcás faoi Airteagal 129(3) de Threoir 2009/138/CE go n-éilíonn an maoirseoir náisiúnta tagairt d'fhoirmle chaighdeánach.
C0140/R0520	Ríomh MCR neamhshaoil agus saoil bharúlaigh — Uasráta MCR bharúlaigh — gníomhaíochtaí neamhshaoil	Ríomhtar é sin mar 45 % de SCR neamhshaoil barúlach lena n-áirítear an forlíontán caipitil neamhshaoil i gcomhréir le hAirteagal 129(3) de Threoir 2009/138/CE.
C0150/R0520	Ríomh MCR neamhshaoil agus saoil barúlach – Uasráta MCR bharúlaigh – gníomhaíochtaí saoil	Ríomhtar é sin mar 45 % de SCR saoil barúlach lena n-áirítear an forlíontán caipitil saoil i gcomhréir le hAirteagal 129(3) de Threoir 2009/138/CE.
C0140/R0530	Ríomh MCR neamhshaoil agus saoil barúlach — Íosráta MCR bharúlaigh — gníomhaíochtaí neamhshaoil	Ríomhtar é sin mar 25 % de SCR neamhshaoil barúlach lena n-áirítear an forlíontán caipitil neamhshaoil i gcomhréir le hAirteagal 129(3) de Threoir 2009/138/CE.
C0150/R0530	Ríomh MCR neamhshaoil agus saoil barúlach – Íosráta MCR bharúlaigh – gníomhaíochtaí saoil	Ríomhtar é sin mar 25 % de SCR saoil barúlach lena n-áirítear an forlíontán caipitil saoil i gcomhréir le hAirteagal 129(3) de Threoir 2009/138/CE.
C0140/R0540	Ríomh MCR neamhshaoil agus saoil barúlach — MCR Barúlach Comhcheangailte — gníomhaíochtaí neamhshaoil	Ríomhtar é sin i gcomhréir le hAirteagal 252(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.

	ÍTIM	TREORACHA
C0150/R0540	Ríomh MCR neamhshaoil agus saoil barúlach – MCR Barúlach Comhcheangailte – gníomhaíochtaí saoil	Ríomhtar é sin i gcomhréir le hAirteagal 252(8) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
C0140/R0550	Ríomh MCR neamhshaoil agus saoil barúlach – Dearbh-íosráta an MCR bharúlaigh – gníomhaíochtaí neamhshaoil	Is é sin an méid a ríomhtar in Airteagal 129(1)(d)(i) de Threoir 2009/138/CE sula meastar Airteagal 253 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
C0150/R0550	Ríomh MCR neamhshaoil agus saoil barúlach – Dearbh-íosráta MCR bharúlaigh – gníomhaíochtaí saoil	Is é sin an méid a ríomhtar in Airteagal 129(1)(d)(ii) de Threoir 2009/138/CE sula meastar Airteagal 253 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
C0140/R0560	Ríomh MCR neamhshaoil agus saoil barúlach — MCR Barúlach — gníomhaíochtaí neamhshaoil	Is é sin MCR neamhshaoil barúlach arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 252(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
C0150/R0560	Ríomh MCR neamhshaoil agus saoil barúlach – MCR Barúlach – gníomhaíochtaí saoil	Is é sin MCR saoil barúlach arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 252(7) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.

S.29.01 — Farasbarr Sócmhainní thar Dhliteanais

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh eintitis aonair.

Níl an teimpléad seo infheidhme maidir le gnóthais árachais agus athárachais faoi gchuing a chomhlíonann na coinníollacha a shonraítear sa Rialachán.

Sa teimpléad seo, in éineacht le S.29.02 go S.29.04, mínítear an t-athrú maidir le Farasbarr Sócmhainní thar Dhliteanais trí na foinsí difriúla gluaiseachtaí a imréiteach (féach na cúig phríomhfhoinse in b) thíos). Is gá cruthú luacha a thuairisciú sna teimpléid sin (amhail ioncam ó infheistíochtaí).

Le hábhar an teimpléid seo, cuimsítear:

a) Cur i láthair na hathruithe uile i Míreanna de Bhunchistí Dílse le linn na tréimhse tuairiscithe. Scarann sé an t-athrú maidir le Farasbarr Sócmhainní thar Dhliteanais mar chuid den mhéid iomlán sin. Déantar an chéad anailís sin bunaithe go hiomlán ar fhaisnéis a thuairiscítear freisin i dteimpléad S.23.01 (bliain N agus N–1).

b) Achoimre ar na cúig phríomhfhoinse a dhéanann difear don athrú maidir le Farasbarr Sócmhainní thar Dhliteanais idir an tréimhse tuairiscithe roimhe sin agus an tréimhse tuairiscithe dheireanach (cealla C0030/R0190 go C0030/R0250):

— An t-athrú a bhaineann le hinfheistíochtaí agus dliteanais airgeadais — arna mionsonrú i dteimpléad S.29.02,

— An t-athrú a bhaineann le forálacha teicniúla — arna mionsonrú i dteimpléid S.29.03 agus S.29.04,

— An t-athrú ar mhíreanna caipitil "íona", nach bhfuil tionchar díreach air ag an ngnó a dhéantar (e.g. athruithe ar líon agus luachanna ghnáthscaireanna); déantar anailís mhionsonraithe ar na hathruithe sin laistigh de theimpléad S.23.03;

— Príomhathruithe eile atá nasctha le cáin agus dáileadh díbhinní, is iad sin:

— Athrú ar Staid Chánach Iarchurtha

— Cáin Ioncaim na tréimhse tuairiscithe

— Dáileadh díbhinní

— Athruithe eile nach mínítear aon áit eile.

	MÍR	TREORACHA
C0010/R0010–R0120	Míreanna de Bhunchistí Dílse — Bliain N	Ní chumhdaítear na míreanna uile de Bhunchistí Dílse leis na míreanna sin, ní chumhdaítear ach na cinn roimh choigeartuithe/asbhaintí le haghaidh na nithe seo a leanas: — Cistí dílse ó na ráitis airgeadais nach léireofar leis an gcúlchiste réitigh agus nach gcomhlíonann na critéir chun go n-aicmeofar mar chistí dílse Shócmhainneacht II iad; — Rannpháirtíochtaí in institiúidí airgeadais agus creidmheasa.
C0020/R0010 — R0120	Míreanna de Bhunchistí Dílse — Bliain N–1	Ní chumhdaítear na míreanna uile de Bhunchistí Dílse leis na míreanna sin, ní chumhdaítear ach na cinn roimh choigeartuithe/asbhaintí le haghaidh na nithe seo a leanas: — Cistí dílse ó na ráitis airgeadais nach léireofar leis an gcúlchiste réitigh agus nach gcomhlíonann na critéir chun go n-aicmeofar mar chistí dílse Shócmhainneacht II iad; — Rannpháirtíochtaí in institiúidí airgeadais agus creidmheasa
C0030/R0010–R0120	Míreanna de Bhunchistí Dílse — Athrú	Athrú idir tréimhse tuairiscithe N agus N–1 de mhíreanna cistí dílse.
C0030/R0130	Farasbarr sócmhainní thar dhliteanais (Athruithe ar Bunchistí dílse mínithe le Teimpléid Anailíse Athraithe)	Athrú ar fharasbarr sócmhainní thar dhliteanais. Déantar measúnú breise ar an mír seo i rónna R0190 go R0250 agus ansin i dteimpléid S.29.02 go S.29.04. Measfar farasbarr sócmhainní thar dhliteanais roimh asbhaintí Rannpháirtíochtaí in institiúidí airgeadais agus creidmheasa.
C0030/R0140	Scaireanna dílse	Athrú ar scaireanna dílse a áirítear mar shócmhainní ar an gclár comhardaithe.
C0030/R0150	Díbhinní, dáiltí agus muirir intuartha	Athrú ar dhíbhinní, dáileacháin agus muirir intuartha.
C0030/R0160	Míreanna eile de bhunchistí dílse	Athrú ar mhíreanna eile de bhunchistí dílse.
C0030/R0170	Míreanna srianta de bhunchistí dílse mar gheall ar imfhálú agus meaitseáil	Athrú ar mhíreanna srianta de bhunchistí dílse mar gheall ar imfhálú agus meaitseáil.
C0030/R0180	Athrú iomlán ar Chúlchiste Réitigh	Athrú iomlán sa Chúlchiste Réitigh.
C0030/R0190	Athruithe de bharr infheistíochtaí agus dliteanais airgeadais	Athruithe san Fharasbarr sócmhainní thar dhliteanais mínithe le hathruithe in infheistíochtaí agus dliteanais airgeadais (mar shampla, athruithe ar luach sa tréimhse, ioncaim airgeadais, etc.). Ní áireofar leis an méid sin an méid Scaireanna dílse.
C0030/R0200	Athruithe de bharr glanfhorálacha teicniúla	Athruithe san Fharasbarr sócmhainní thar dhliteanais mínithe le hathruithe i bhforálacha teicniúla (mar shampla, cealuithe soláthairtí nó préimheanna tuillte nua, etc.).
C0030/R0210	Athruithe ar mhíreanna caipitil de bhunchistí dílse agus míreanna eile formheasta	Leis an méid sin, mínítear an chuid den athrú maidir le Farasbarr sócmhainní thar dhliteanais de bharr gluaiseachtaí i míreanna caipitil "íona", amhail gnáth-scairchaipiteal (comhlán ar scaireanna dílse), Scaireanna tosaíochta, Cistí barrachais.

	MÍR	TREORACHA
C0030/R0220	Athruithe ar staid Chánach Iarchurtha	Athruithe san Fharasbarr sócmhainní thar dhliteanais mínithe le hathruithe i sócmhainní cánach iarchurtha agus dliteanais chánach iarchurtha
C0030/R0230	Cáin ioncaim na tréimhse tuairiscithe	An méid cánach corparáide sa tréimhse tuairiscithe, mar a luaitear i ráitis airgeadais na tréimhse tuairiscithe.
C0030/R0240	Dáileadh díbhinní	An méid díbhinní a dáileadh le linn na tréimhse tuairiscithe, mar a luaitear i ráitis airgeadais na tréimhse tuairiscithe.
C0030/R0250	Athruithe eile san Fharasbarr sócmhainní thar dhliteanais	Na hathruithe fágtha san Fharasbarr sócmhainní thar dhliteanais.

S.29.02 — Farasbarr Sócmhainní thar Dhliteanais — mínithe le hinfheistíochtaí agus dliteanais airgeadais

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh eintitis aonair.

Dírítear sa teimpléad seo ar athruithe san Fharasbarr sócmhainní thar dhliteanais de bharr infheistíochtaí agus dliteanais airgeadais.

Le raon feidhme an teimpléid seo:

i. Áirítear infheistíochtaí;

ii. Áirítear staid dliteanas na ndíorthach (mar infheistíochtaí);

iii. Áirítear Scaireanna dílse;

iv. Áirítear Dliteanais airgeadais (lena gcuimsítear dliteanais fho-ordaithe);

v. Áirítear sócmhainní arna sealbhú le haghaidh cistí aonadnasctha innéacsnasctha;

vi. Eisiatar maoin arna sealbhú dá húsáid féin.

Maidir leis na míreanna sin uile, cumhdaítear sa teimpléad na hinfheistíochtaí arna sealbhú amhail ar dháta deiridh na tréimhse tuairiscithe roimhe (N–1) agus na hinfheistíochtaí a fuarthas/a eisíodh le linn na tréimhse tuairiscithe (N).

An difríocht idir teimpléad S.29.02 (an tábla deireanach) agus an fhaisnéis i dteimpléad S.09.01 is ea cuimsiú an ioncaim ó scaireanna dílse agus eisiamh na maoine arna sealbhú dá húsáid féin. Is é is cuspóir don teimpléid, tuiscint mhionsonraithe a thabhairt ar na hathruithe ar Fharasbarr Sócmhainní thar Dhliteanais a bhaineann le hinfheistíochtaí, agus na nithe seo a leanas á gcur san áireamh:

i. Gluaiseachtaí sa luacháil a raibh tionchar acu ar an bhFarasbarr Sócmhainní thar Dhliteanais (e.g. gnóthachain agus caillteanais réadaithe ó dhíolacháin, ach difríochtaí luachála freisin);

ii. Ioncaim arna spreagadh le hinfheistíochtaí;

iii. Costais a bhaineann le hinfheistíochtaí (lena n-áirítear muirir úis ar dhliteanais airgeadais.).

	MÍR	TREORACHA
C0010/R0010	Gluaiseachtaí luachála ar infheistíochtaí	Gluaiseachtaí luachála ar infheistíochtaí, lena n-áirítear: — Maidir leis na sócmhainní arna gcoiméad sa phunann, an difríocht idir luachanna Shócmhainneacht II i ndeireadh na tréimhse tuairiscithe (N) agus i dtús na Bliana (N–1); — Maidir leis na hinfheistíochtaí arna ndífheistiú idir an dá thréimhse tuairiscithe (lena n-áirítear i gcás ina bhfuarthas sócmhainn le linn na tréimhse tuairiscithe), an difríocht idir an praghas díola agus luach Shócmhainneacht II amhail ag an tréimhse tuairiscithe deiridh (nó, i gcás infheistíochtaí a fuarthas le linn na tréimhse, an luach/an costas éadála);

	MÍR	TREORACHA
		— Maidir leis na sócmhainní a fuarthas le linn na tréimhse tuairiscithe agus atá fós á gcoimeád i ndeireadh na tréimhse tuairiscithe, an difríocht idir luach scoir Shócmhainneacht II agus an costas/luach éadála. Áireofar méideanna i gcoibhneas le díorthaigh, gan beann ar cé acu is sócmhainn nó dliteanas é an díorthach. Ní áireofar méideanna a thuairiscítear in "Ioncaim infheistíochta — R0040" agus "Costais infheistíochta lena n-áirítear muirir úis ar dhliteanais fho-ordaithe agus airgeadais — R0050".
C0010/R0020	Gluaiseachtaí luachála ar scaireanna dílse	Mar an gcéanna le cill C0010/R0010, ach le haghaidh scaireanna dílse.
C0010/R0030	Gluaiseachtaí luachála ar dhliteanais airgeadais agus ar dhliteanais fho-ordaithe	Gluaiseachtaí luachála ar dhliteanais airgeadais agus ar dhliteanais fho-ordaithe, lena n-áirítear: — Maidir leis na dliteanais airgeadais agus fho-ordaithe sin a eisíodh roimh an tréimhse tuairiscithe agus nach ndearnadh iad a fhuascailt, an difríocht idir luachanna Shócmhainneacht II ag deireadh na tréimhse tuairiscithe (N) agus ag tús na tréimhse tuairiscithe (N–1); — Maidir leis na dliteanais airgeadais agus fho-ordaithe sin a ndearnadh iad a fhuascailt le linn na tréimhse tuairiscithe, an difríocht idir an praghas fuascailte agus luach Shócmhainneacht II amhail ag deireadh na tréimhse tuairiscithe deiridh; — Maidir leis na dliteanais airgeadais agus fho-ordaithe sin a eisíodh le linn na tréimhse tuairiscithe agus nach ndearnadh iad a fhuascailt le linn na tréimhse, an difríocht idir luach scoir Shócmhainneacht II agus an praghas eisiúna.
C0010/R0040	Ioncaim Infheistíochta	Áirítear leo díbhinní, úis, cíosanna agus ioncaim eile, de bharr infheistíochtaí faoi raon feidhme an teimpléid seo.
C0010/R0050	Costais infheistíochtaí lena n-áirítear muirir úis ar dhliteanais fho-ordaithe agus airgeadais	Costais infheistíochtaí lena n-áirítear muirir úis ar dhliteanais fho-ordaithe agus airgeadais, lena n-áirítear: — Costais bainistíochta infheistíochtaí – a bhaineann le "Infheistíochtaí" agus le "Scaireanna dílse"; — Muirir úis ar dhliteanais airgeadais agus fho-ordaithe a bhaineann le "Dliteanais airgeadais seachas fiachais atá dlite d"institiúidí creidmheasa", chomh maith le "Fiachais atá dlite d'institiúidí creidmheasa" agus "Dliteanais fho-ordaithe". Freagraíonn na costais agus na muirir sin do na cinn arna dtaifeadadh agus arna n-aithint ar bhonn fabhraithe ag deireadh na tréimhse.
C0010/R0060	Athrú i bhFarasbarr sócmhainní thar dhliteanais mínithe le hinfheistíochtaí agus bainistíocht dliteanas airgeadais	Athrú iomlán i bhFarasbarr sócmhainní thar dhliteanais mínithe le hinfheistíochtaí agus bainistíocht dliteanas airgeadais.
C0010/R0070	Díbhinní	An méid díbhinní a thuilltear thar an tréimhse tuairiscithe, gan aon díbhinn ó mhaoin arna sealbhú dá úsáid féin san áireamh. Beidh feidhm ag an sainmhíniú céanna atá in S.09.01 (ach amháin maidir le raon feidhme na n-infheistíochtaí atá le meas).

	MÍR	TREORACHA
C0010/R0080	Ús	An méid úis a thuilltear thar an tréimhse tuairiscithe, gan aon ús ó mhaoin arna sealbhú dá úsáid féin san áireamh. Beidh feidhm ag an sainmhíniú céanna atá in S.09.01 (ach amháin maidir le raon feidhme na n-infheistíochtaí atá le meas).
C0010/R0090	Cíosanna	An méid cíosa a thuilltear thar an tréimhse tuairiscithe, gan aon chíos ón maoin arna sealbhú dá úsáid féin san áireamh. Beidh feidhm ag an sainmhíniú céanna atá in S.09.01 (ach amháin maidir le raon feidhme na n-infheistíochtaí atá le meas).
C0010/R0100	Eile	An méid ioncaim eile ó infheistíochtaí a fhaightear agus a fhabhraítear ag deireadh na bliana tuairiscithe. Infheidhme maidir le hioncam infheistíochta eile nach meastar i gcealla C0010/R0070, C0010/R0080 agus C0010/R0090, amhail táillí iasachta urrús, táillí gealltanas, etc., gan na cinn ó mhaoin arna sealbhú dá úsáid féin san áireamh.

S.29.03 — Farasbarr Sócmhainní thar Dhliteanais — mínithe le forálacha teicniúla

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh eintitis aonair.

Dírítear sa teimpléad seo ar athruithe san Fharasbarr sócmhainní thar dhliteanais de bharr forálacha teicniúla. Áirítear i raon feidhme na bhforálacha teicniúla rioscaí a ghabhtar tríd an Meastachán is Fearr agus na cinn a ghabhtar trí fhorálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine.

A mhéid a bhaineann leis an ord ríofa sa tábla "Miondealú ar Athrú sa Mheastachán is Fearr", ní mheastar go bhfuil cuir i láthair an oird saintreorach maidir leis an ord ina ndéantar an ríomh, fad is a léiríonn ábhar na gceall difriúil cuspóir agus sainmhíniú na gceall sin i ndáiríre.

Ceanglaítear ar ghnóthais sonraí a thuairisciú ar bhonn bliain timpiste nó bliain frithgheallta, i gcomhréir le haon cheanglas de chuid an Údaráis Maoirseachta Náisiúnta. Murar shonraigh an tÚdarás Maoirseachta Náisiúnta an ceann a úsáidfear ansin féadfaidh an gnóthas bliain timpiste nó bliain frithgheallta a úsáid de réir an chaoi a ndéanann siad bainistiú ar gach réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, ar choinníoll go n-úsáideann siad an bhliain chéanna go comhsheasmhach, bliain ar bhliain.

Is é is cuspóir an teimpléid, tuiscint mhionsonraithe a thabhairt ar na hathruithe ar an bhFarasbarr sócmhainní thar dhliteanais a bhaineann le forálacha teicniúla, ag cur san áireamh:

— Athruithe ar fhotheidil forálacha teicniúla;

— Athruithe ar shreabha teicniúla na tréimhse;

— Miondealú mionsonraithe ar an athrú sa Mheastachán is Fearr — comhlán ar athárachas le foinsí athruithe (amhail gnó nua, athruithe i dtoimhdí, taithí, etc.).

Áireofar an t-athárachas arna ghlacadh ar ghnó aonadnasctha agus innéacsnasctha laistigh den teimpléad.

	MÍR	TREORACHA
Maidir leis sin, an miondealú seo a leanas ar an Athrú sa Mheastachán is Fearr — anailís in aghaidh na bliana frithgheallta más infheidhme — Comhlán ar athárachas		
C0010–C0020/R0010	An Meastachán Tosaigh is Fearr	Méid an Mheastacháin is fearr — comhlán ar athárachas — mar a luaitear ar an gClár Comhardaithe ag clabhsúr bhliain N–1 a bhaineann leis na réimeanna gnó sin, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, a úsáidtear cur chuige bliana frithgheallta chun an Meastachán is Fearr a ríomh ina leith.

	MÍR	TREORACHA
C0010–C0020/R0020	Gnéithe eisceachtúla a spreagann athshonrú an Mheastacháin tosaigh is Fearr	Méid an choigeartaithe ar an Meastachán tosaigh is Fearr de bharr gnéithe, seachas athruithe ar imlíne ba chúis le hathshonrú an Mheastacháin tosaigh is Fearr. Bainfidh sé le hathruithe ar shamhlacha (i gcás ina n-úsáidtear samhlacha), go bunúsach, chun an tsamhail agus modhnuithe eile a cheartú. Ní bhainfidh sé le hathruithe ar thoimhdí. Tá coinne leis go mbeidh na cealla sin infheidhme maidir le gníomhaíocht saoil den chuid is mó.
C0010–C0020/R0030	Athruithe ar imlíne	Méid an choigeartuithe ar an Meastachán tosaigh is fearr a bhaineann le hathruithe ar imlíne na punainne, amhail díolacháin punann (cuid díobh) agus ceannacháin. D'fhéadfadh sin bheith bainteach freisin le hathruithe ar an imlíne de bharr dliteanais a bheith ag teacht chun cinn ar bhlianachtaí ag eascairt as oibleagáidí Neamhshaoil (a spreagann roinnt athruithe ó Neamhshaol go Saol).
C0010–C0020/R0040	Athrú in airgeadra eachtrach	Méid an choigeartuithe ar an Meastachán tosaigh is Fearr a bhaineann le hathrú in airgeadra eachtrach le linn na tréimhse. Sa chás seo, beartaítear an t-athrú in airgeadra eachtrach a chur i bhfeidhm ar chonarthaí a dhéantar in airgeadraí atá difriúil leis an airgeadra ar an gclár comhardaithe. Chun an ríomh a dhéanamh, déantar sreabhadh airgid na gconarthaí sin atá san áireamh sa Mheastachán tosaigh is Fearr a chomhshó de bharr an athraithe in airgeadra eachtrach. Ní thugtar aghaidh sa mhír seo ar an tionchar ar shreabhadh airgid na punainne árachais arna spreagadh ag athluacháil shócmhainní bhliain N–1 de bharr an athraithe in airgeadra eachtrach le linn bhliain N.
C0010–C0020/R0050	An Meastachán is Fearr ar rioscaí a ghlactar le linn na tréimhse	Léiríonn sé sreabhadh airgid todhchaí a bhfuil coinne leis (comhlán ar atháirachas) a áirítear sa Mheastachán is Fearr agus a bhaineann le rioscaí a ghlactar le linn na tréimhse. Measfar sin ar an dáta deiridh (agus ní ar dháta iarbhír thionscnamh na rioscaí), i. e. beidh sin mar chuid den Mheastachán is Fearr ar an dáta deiridh. Déantar tagairt d'Airteagal 77 de Threoir 2009/138/CE le raon feidhme an tsreafa airgid.
C0010–C0020/R0060	Athrú sa Mheastachán is Fearr de bharr leachtú an ráta lascaine — rioscaí arna nglacadh roimh an tréimhse eacnamaíoch	Ní bhainfidh an t-athrú sa Mheastachán is Fearr a ghabhtar anseo ach amháin le leachtú na rátaí lascaine, agus ní chuirfear san áireamh paraiméadair eile amhail athruithe ar thoimhdí nó rátaí lascaine, coigeartú taithí, etc. Is féidir coincheap an leachtaithe a léiriú mar a leanas: Ríomh an Meastachán is Fearr do bhliain N–1 arís, ach tríd an gcuar toraidh aistrithe a úsáid Chun an raon feidhme athraithe dian sin a aonrú, is féidir an ríomh a dhéanamh mar a leanas: — Meas an Meastachán tosaigh is Fearr lena n-áirítear an coigeartú ar an Meastachán tosaigh is Fearr (cealla C0010/R0010 go R0040); — Bunaithe ar an bhfigiúr sin, déan leachtú na rátaí lascaine a ríomh.
C0010–C0020/R0070	Athrú sa Mheastachán is Fearr de bharr insreabhadh agus eis-sreabhadh réamh-mheasta bhliain N — rioscaí arna nglacadh roimh an tréimhse eacnamaíoch	Préimheanna, éilimh agus méideanna géillte a réamh-mheasadh sa Mheastachán tosaigh is Fearr go raibh siad le híoc le linn na bliana, ní bheidh siad sa Mheastachán deiridh is Fearr a thuilleadh mar bheadh siad íoctha/faighte le linn na bliana. Déanfar coigeartú neodraithe. Chun an coigeartú sin a aonrú, is féidir an ríomh a dhéanamh mar a leanas:

	MÍR	TREORACHA
		— Meas an Meastachán tosaigh is Fearr (ceall C0010/R0010) lena n-áirítear an coigeartú ar an Meastachán tosaigh is Fearr (cealla C0010/R0020 go R0040) — Aonraigh an méid sreafa airgid (airgead isteach lúide airgead amach) a réamh-mheasadh laistigh den Mheastachán tosaigh is Fearr sin don tréimhse á meas — Tiocfaidh an méid aonraithe sreafa airgid anuas ar an Meastachán tosaigh is Fearr (le haghaidh éifeacht neodraithe) — agus líonfar isteach é i gceall C0010/R0070 agus i gceall C0020/R0070.
C0010–C0020/R0080	Athrú sa Mheastachán is Fearr de bharr taithí — rioscaí arna nglacadh roimh an tréimhse eacnamaíoch	Bainfidh an t-athrú sa Mheastachán is Fearr a ghabhtar anseo go docht leis an sreabhadh airgid réamh-mheasta ag deireadh na tréimhse nuair a chuirtear i gcomparáid é leis an sreabhadh airgid a réamh-mheasadh ag tús na tréimhse le haghaidh na dtréimhsí N + 1 agus todhchaí. Ní ghabhfaidh sé ach na hathruithe a tharla de bharr réadú an tsreafa airgid i mbliain N agus nach bhfuil nasctha le hathruithe i dtoimhdí.
C0010–C0020/R0090	Athrú sa Mheastachán is Fearr de bharr athruithe ar thoimhdí neamheacnamaíocha — rioscaí arna nglacadh roimh an tréimhse eacnamaíoch	Tagraíonn sé go príomha d'athruithe ar an meastachán is fearr nár tharla de bharr sreabhadh teicniúil réadaithe agus athruithe ar thoimhdí a bhí nasctha go díreach le rioscaí árachais (i.e. rátaí dul i léig), a fhéadtar tagairt a dhéanamh dóibh mar thoimhdí neamheacnamaíocha. Chun raon feidhme athraithe dian de bharr athruithe ar thoimhdí a aonrú, is féidir an ríomh a dhéanamh mar a leanas: — Meas an Meastachán tosaigh is Fearr (ceall C0010/R0010), lena n-áirítear an coigeartú ar an Meastachán tosaigh is Fearr (ceall C0010/R0010 go R0040) agus an tionchar ag leachtú sreafa airgid réamh-mheasta bhliain N (C0010/R0060 go R0080 agus C0020/R0060 go R0080 faoi seach); — Bunaithe ar an bhfigiúr sin, déan ríomhanna le toimhdí nua nach mbaineann le rátaí lascaine — a raibh feidhm acu maidir le deireadh bhliain N (más ann dóibh) Tabharfaidh sin an t-athrú sa Mheastachán is Fearr a bhaineann go docht le hathruithe ar na toimhdí sin. Seans nach ngabhfadh sin an t-athrú a tharla de bharr an athbhreithnithe cás ar chás ar RBNS, agus b'éigean é sin a chur leis dá bharr sin. Maidir le Neamhshaoil, is féidir coinne a bheith le cásanna i gcás nach féidir na hathruithe sin a aithint ar leithligh ó athruithe de bharr taithí (C0020/R0080). Sna cásanna sin, tuairiscigh an figiúr iomlán faoi gc0020/R0080.
C0010–C0020/R0100	Athrú sa Mheastachán is Fearr de bharr athruithe ar an timpeallacht eacnamaíoch — rioscaí arna nglacadh roimh an tréimhse eacnamaíoch	Tagraíonn sé go príomha do thoimhdí nach bhfuil nasctha go díreach le rioscaí árachais, i.e. tionchar na n-athruithe sa timpeallacht eacnamaíoch ar an sreabhadh airgid go príomha (agus gníomhaíochtaí bainistíochta á gcur san áireamh, e.g. laghdú ar shochair lánroghnacha todhchaí) agus athruithe ar rátaí lascaine. Maidir le neamhshaoil (C0020/R0100), i gcás nach féidir athrú de bharr an bhoilscithe a aithint ó athruithe de bharr taithí, dhéanfaí an méid iomlán a thuairisciú faoi gc0020/R0080. Chun an raon feidhme athraithe dian sin a aonrú, is féidir an ríomh a dhéanamh mar a leanas:

	MÍR	TREORACHA
		— Meas an Meastachán tosaigh is Fearr, lena n-áirítear an coigeartú ar an Meastachán tosaigh is Fearr (ceall C0010/R0010 to R0040) agus an tionchar ag leachtú sreafa airgid agus taithí réamh-mheasta bhliain N (C0010/R0060 go R0080 agus C0020/R0060 go R0080 faoi seach, nó de rogha air sin, C0010/R0060 go R0090 agus C0020/R0060 go R0090 faoi seach) — Bunaithe ar an bhfigiúr sin, déan ríomhanna le rátaí lascaine a raibh feidhm acu le linn bhliain N, in éineacht leis na toimhdí airgeadais gaolmhara (más ann dóibh). Tabharfaidh sin an t-athrú sa Mheastachán is Fearr a bhaineann go docht le hathruithe ar na rátaí lascaine agus ar na toimhdí airgeadais gaolmhara.
C0010–C0020/R0110	Athruithe eile nach mínítear aon áit eile	Comhfhreagraíonn sé d'athruithe eile sa Mheastachán is Fearr, nach ngabhtar iad i gcealla C0010/R0010 go R0100 (maidir le Saol) ná i gcealla C0020/R0010 go R0100 (Neamhshaoil).
C0010–C0020/R0120	An Meastachán Deiridh is fearr — comhlán ar athárachas	Méid an Mheastacháin is Fearr mar a shonraítear ar an gClár Comhardaithe ag clabhsúr bhliain N a bhaineann leis na réimeanna gnó sin, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, a úsáidtear cur chuige bliana frithgheallta chun an Meastachán is Fearr a ríomh ina leith. D'fhéadfadh nialas a bheith sna cealla sin (i gcás nach n-úsáidtear cur chuige bliana frithgheallta), nó d'fhéadfadh iomlán an fhigiúir don Mheastachán deiridh is Fearr ar an gclár comhardaithe a bheith i gceist, i gcás nach n-úsáidtear cur chuige Bliana Timpiste.
Maidir leis sin, an miondealú seo a leanas ar an Athrú sa Mheastachán is Fearr — anailís in aghaidh na bliana frithgheallta más infheidhme — Méid in-aisghabhála ón athárachas		
C0030–C0040/R0130	An Meastachán Tosaigh is Fearr	Méid an Mheastacháin is fearr ar mhéideanna in-aisghabhála ón athárachas mar a luaitear ar an gClár Comhardaithe ag clabhsúr bhliain N–1 a bhaineann leis na réimeanna gnó sin, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, a úsáidtear cur chuige bliana frithgheallta chun an Meastachán is Fearr a ríomh ina leith.
C0030–C0040/R0140	An Meastachán Deiridh is Fearr	Méid an Mheastacháin is fearr ar mhéideanna in-aisghabhála ón athárachas mar a luaitear ar an gClár Comhardaithe ag clabhsúr bhliain N a bhaineann leis na réimeanna gnó sin, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, a úsáidtear cur chuige bliana frithgheallta chun an Meastachán is Fearr a ríomh ina leith.
Maidir leis sin, an miondealú seo a leanas ar an Athrú sa Mheastachán is Fearr — anailís in aghaidh na bliana frithgheallta más infheidhme — Comhlán ar athárachas		
C0050–C0060/R0150	An Meastachán Tosaigh is Fearr	Méid an Mheastacháin is fearr — comhlán ar athárachas — mar a luaitear ar an gClár Comhardaithe ag clabhsúr bhliain N–1 a bhaineann leis na réimeanna gnó sin, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, a n-úsáidtear cur chuige bliana timpiste chun an Meastachán is Fearr a ríomh ina leith.

	MÍR	TREORACHA
C0050–C0060/R0160	Gnéithe eisceachtúla a spreagann athshonrú an Mheastacháin tosaigh is Fearr	Mar an gcéanna leis na cinn le haghaidh C0010 agus C0020/R0020
C0050–C0060/R0170	Athruithe ar imlíne	Mar an gcéanna leis na cinn le haghaidh C0010 agus C0020/R0030
C0050–C0060/R0180	Athrú in airgeadra eachtrach	Mar an gcéanna leis an gceann le haghaidh C0010 agus C0020/R0040
C0050–C0060/R0190	Athrú sa Mheastachán is Fearr ar riosca arna chumhdach i ndiaidh na tréimhse	Tá coinne leis go mbaineann na cealla sin le Neamhshaol go príomha agus go dtagraíonn siad d'athruithe ar (chuid de) na Forálacha Préimheanna (i.e. i ndáil le gach oibleagáid aitheanta laistigh de theorainn an chonartha ar an dáta luachála i gcás nár tharla an t-éileamh fós) mar a leanas: — Sainaithin an chuid de na forálacha préimheanna ag deireadh na bliana (N) a bhaineann le tréimhse cumhdaigh a thosaigh i ndiaidh chlabhsúr deiridh bliana N; — Sainaithin an chuid de na forálacha préimheanna ag deireadh na Bliana (N – 1) a bhaineann le tréimhse cumhdaigh a thosaigh i ndiaidh chlabhsúr deiridh bliana N; Díorthaigh an t-athrú ón dá fhigiúr.
C0050–C0060/R0200	Athrú sa Mheastachán is Fearr ar rioscaí arna gcumhdach le linn na tréimhse	Tá coinne leis go mbaineann na cealla sin le Neamhshaol, go príomha, agus go dtagraíonn siad do na cásanna a leanas: a) (cuid de) na Forálacha Préimheanna ag deireadh na Bliana N – 1 a iompaíodh go Forálacha Éileamh ag deireadh na bliana N mar gheall gur tharla an t-éileamh le linn na tréimhse sin b) forálacha éileamh a bhaineann le héilimh a tharla le linn na tréimhse (nárbh ann d'fhorálacha Préimheanna ag deireadh na bliana N – 1 ina leith) Is féidir an ríomh a dhéanamh mar a leanas: — Sainaithin an chuid d'fhorálacha éileamh ag deireadh na Bliana (N) a bhaineann le rioscaí arna gcumhdach le linn na tréimhse; — Sainaithin an chuid d'fhorálacha préimheanna ag deireadh na Bliana (N – 1) a bhaineann le rioscaí arna gcumhdach le linn na tréimhse; Díorthaigh an t-athrú ón dá fhigiúr.
C0050–C0060/R0210	Athrú sa Mheastachán is Fearr de bharr leachtú ráta lascaine — rioscaí arna gcumhdach roimh an tréimhse eacnamaíoch	Is féidir coincheap an leachtaithe a léiriú mar a leanas: Ríomh an Meastachán is Fearr do bhliain N–1 arís, ach tríd an gcuar toraidh aistrithe a úsáid. Chun an raon feidhme athraithe dian sin a aonrú, is féidir an ríomh a dhéanamh mar a leanas: — Meas cuid den Mheastachán tosaigh is Fearr a bhaineann le rioscaí arna gcumhdach roimh an tréimhse, i.e. an Meastachán tosaigh is Fearr gan forálacha Préimheanna san áireamh ach le coigeartuithe tosaigh san áireamh, más ann dóibh (féach cealla C0050/R0160 go R0180 agus C0060/R0160 go R0180; — Bunaithe ar an bhfigiúr sin, déan leachtú na rátaí lascaine a raibh feidhm acu le linn bhliain N a ríomh.
C0050–C0060/R0220	Athrú sa Mheastachán is Fearr de bharr insreabhadh agus eis-sreabhadh réamh-mheasta bhliain N — rioscaí arna gcumhdach roimh an tréimhse eacnamaíoch	Préimheanna, éilimh agus méideanna géillte a réamh-mheasadh sa Mheastachán tosaigh is Fearr (a bhain le rioscaí arna gcumhdach roimh an tréimhse) go raibh siad le híoc le linn na bliana, ní bheidh siad sa Mheastachán deiridh is Fearr a thuilleadh mar bheadh siad íoctha/faighte le linn na bliana. Tá coigeartú neodraithe le déanamh dá bharr sin. Chun an coigeartú sin a aonrú, is féidir an ríomh a dhéanamh mar a leanas:

	MÍR	TREORACHA
		— Meas cuid den Mheastachán Tosaigh is Fearr a bhaineann le rioscaí arna gcumhdach roimh an tréimhse, i.e. an Meastachán Tosaigh is Fearr gan forálacha Préimheanna san áireamh; — Aonraigh an méid sreabhaidh airgid (airgead isteach lúide airgead amach) a réamh-mheasadh laistigh den Mheastachán Tosaigh is Fearr sin don tréimhse atá á meas; — Tiocfaidh an méid aonraithe sreafa airgid sin anuas ar an Meastachán tosaigh is Fearr (le haghaidh éifeacht neodraithe) — agus líonfar isteach é i gceall C0050 agus i gceall C0060/R0220.
C0050–C0060/R0230	Athrú sa Mheastachán is Fearr de bharr taithí — rioscaí arna gcumhdach roimh an tréimhse eacnamaíoch	Bainfidh an t-athrú sa Mheastachán is Fearr a ghabhtar anseo go docht leis an sreabhadh airgid réamh-mheasta ag deireadh na tréimhse nuair a chuirtear i gcomparáid é leis an sreabhadh airgid a réamh-mheasadh ag tús na tréimhse le haghaidh na dtréimhsí N + 1 agus todhchaí. Ní ghabhfaidh sé ach na hathruithe a tharla de bharr réadú an tsreafa airgid i mbliain N agus nach bhfuil nasctha le hathruithe i dtoimhdí.
C0050–C0060/R0240	Athrú sa Mheastachán is Fearr de bharr athruithe ar thoimhdí neamheacnamaíocha — rioscaí arna nglacadh roimh an tréimhse eacnamaíoch	Tagraíonn sé go príomha d'athruithe ar an meastachán is fearr nár tharla de bharr sreabhadh teicniúil réadaithe agus athruithe ar thoimhdí a bhí nasctha go díreach le rioscaí árachais (i.e. rátaí dul i léig), a fhéadtar tagairt a dhéanamh dóibh mar thoimhdí neamheacnamaíocha. Chun raon feidhme athraithe dian de bharr athruithe ar thoimhdí a aonrú, is féidir an ríomh a dhéanamh mar a leanas: Meas an Meastachán tosaigh is Fearr (ceall C0050-C0060/R0150), lena n-áirítear an coigeartú ar an Meastachán tosaigh is Fearr (cealla C0050-C0060/R0160 go R0180) agus an tionchar ag leachtú shreabhadh airgid réamh-mheasta bhliain N (C0050-C0060/R0210 go R0230); Bunaithe ar an bhfigiúr sin, déan ríomhanna le toimhdí nua nach mbaineann le rátaí lascaine — a raibh feidhm acu maidir le deireadh bhliain N (más ann dóibh); Tabharfaidh sin an t-athrú sa Mheastachán is Fearr a bhaineann go docht le hathruithe ar na toimhdí sin. Seans nach ngabhfadh sin an t-athrú a tharla de bharr an athbhreithnithe cás ar chás ar RBNS, agus b'éigean é sin a chur leis dá bharr sin. Maidir le Neamhshaol, i gcás nach féidir na hathruithe sin a aithint ar leithligh ó athruithe de bharr taithí, tuairiscigh an figiúr iomlán faoi gc0060/R0230.
C0050–C0060/R0250	Athrú sa Mheastachán is Fearr de bharr athruithe ar an timpeallacht eacnamaíoch — rioscaí arna nglacadh roimh an tréimhse eacnamaíoch	Tagraíonn sé go príomha do thoimhdí nach bhfuil nasctha go díreach le rioscaí árachais, i.e. tionchar na n-athruithe sa timpeallacht eacnamaíoch ar an sreabhadh airgid go príomha (agus gníomhaíochtaí bainistíochta á gcur san áireamh, e.g. laghdú ar shochair lánroghnacha todhchaí) agus athruithe ar rátaí lascaine. Maidir le neamhshaoil (C0060/R0250), i gcás nach féidir athrú de bharr an bhoilscithe a aithint ó athruithe de bharr taithí, dhéanfaí an méid iomlán a thuairisciú faoi gc0060/R0230. Chun an raon feidhme athraithe dian sin a aonrú, is féidir an ríomh a dhéanamh mar a leanas: — Meas an Meastachán tosaigh is Fearr, lena n-áirítear an coigeartú ar an Meastachán tosaigh is Fearr (cealla C0050/R0160 go R0180) agus an tionchar ag leachtú sreafa airgid agus taithí réamh-mheasta bhliain N (C0050/R0210 go R0230 agus C0060/R0210 go R0230 faoi seach, nó de rogha air sin, C0050/R0210 go R0240 agus C0060/R0210 go R0240 faoi seach);

	MÍR	TREORACHA
		— Bunaithe ar an bhfigiúr sin, déan ríomhanna le rátaí lascaine a raibh feidhm acu le linn bhliain N, in éineacht leis na toimhdí airgeadais gaolmhara (más ann dóibh). Tabharfaidh sin an t-athrú sa Mheastachán is Fearr a bhaineann go docht le hathruithe ar na rátaí lascaine agus ar na toimhdí airgeadais gaolmhara.
C0050–C0060/R0260	Athruithe eile nach mínítear aon áit eile	Comhfhreagraíonn sé d'athruithe eile sa Mheastachán is Fearr, nach ngabhtar iad i gcealla C0050/R0150 go R0250 (maidir le Saol) ná i gcealla C0060/R0150 go R0250 (Neamhshaoil).
C0050–C0060/R0270	An Meastachán Deiridh is Fearr	Méid an Mheastacháin is Fearr mar a luaitear ar an gClár Comhardaithe ag clabhsúr bhliain N a bhaineann leis na réimeanna gnó sin, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, a úsáidtear cur chuige bliana timpiste chun an Meastachán is Fearr a ríomh ina leith.
Maidir leis sin, an miondealú seo a leanas ar an Athrú sa Mheastachán is Fearr — anailís in aghaidh na bliana timpiste más infheidhme — méideanna in-aisghabhála ón athárachas		
C0070–C0080/R0280	An Meastachán Tosaigh is Fearr	Méid an Mheastacháin is Fearr ar mhéid in-aisghabhála ón athárachas mar a luaitear ar an gClár Comhardaithe ag clabhsúr bhliain N–1 a bhaineann leis na réimeanna gnó sin, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, a n-úsáidtear cur chuige bliana timpiste chun an Meastachán is Fearr a ríomh ina leith.
C0070–C0080/R0290	An Meastachán Deiridh is Fearr	Méid an Mheastacháin is Fearr ar mhéid in-aisghabhála ón athárachas mar a luaitear ar an gClár Comhardaithe ag clabhsúr bhliain N a bhaineann leis na réimeanna gnó sin, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, a n-úsáidtear cur chuige bliana timpiste chun an Meastachán is Fearr a ríomh ina leith.
Maidir leis sin, coigeartuithe ar Fhorálacha Teicniúla a bhaineann le luacháil conarthaí Aonadnasctha, ag a bhfuil tionchar neodraithe, go teoiriciúil, ar Shócmhainní thar Dhliteanais		
C0090/R0300	Glanathrú le haghaidh gnó innéacsnasctha agus aonadnasctha	Léireoidh an méid an glan-athrú, ar an gClár Comhardaithe, sna Sócmhainní arna sealbhú le haghaidh cistí innéacsnasctha agus aonadnasctha agus sna forálacha teicniúla – innéacsnasctha agus aonadnasctha (arna ríomh mar an mheastachán is fearr agus corrlach riosca, nó ríomh ina n-iomláine).

	MÍR	TREORACHA
Sreabhadh teicniúil a dhéanann difear d'fhorálacha teicniúla		
C0100–C0110/R0310	Préimheanna scríofa le linn na tréimhse	An méid préimheanna scríofa faoi Shócmhainneacht II, le haghaidh Saoil agus Neamhshaoil faoi seach.
C0100–C0110/R0320	Éilimh agus sochair le linn na tréimhse, glan ar tharrthálas agus seachaíocht	An méid éileamh agus sochar le linn na tréimhse, glan ar tharrthálas agus seachaíocht, le haghaidh Saoil agus Neamhshaoil faoi seach. Má tá méideanna gafa cheana féin sa mheastachán deiridh is fearr, ní bheidh siad mar chuid den mhír seo.
C0100–C0110/R0330	Costais (gan Costais infheistíochta san áireamh)	Méid na gcostas (gan costais infheistíochta san áireamh — a thuairiscítear faoi S.29.02), le haghaidh Saoil agus Neamhshaoil faoi seach. Má tá méideanna gafa cheana féin sa mheastachán deiridh is fearr, ní bheidh siad mar chuid den mhír seo.
C0100–C0110/R0340	Sreabhadh teicniúil iomlán ar Fhorálacha Teicniúla comhlána	Méid iomlán an tsreafa theicniúil a dhéanann difear d'Fhorálacha Teicniúla comhlána.
C0100–C0110/R0350	Sreabhadh teicniúil a bhaineann le hathárachas le linn na tréimhse (méideanna in-aisghabhála faighte glan ar phréimheanna íoctha)	Méid iomlán an tsreafa theicniúil a bhaineann le méid in-aisghabhála ón athárachas le linn na tréimhse, i.e. méid in-aisghabhála faighte glan ar phréimheanna, le haghaidh Saoil agus Neamhshaoil faoi seach.
Athrú i bhFarasbarr sócmhainní thar dhliteanais mínithe le Forálacha Teicniúla		
C0120–C0130/R0360	Athrú i bhFarasbarr sócmhainní thar Dhliteanais mínithe le Bainistíocht forálacha Teicniúla — Forálacha Teicniúla comhlána	Comhfhreagraíonn an ríomh seo don phrionsabal a leanas: — meas an t-athrú (tosaigh lúide deiridh) sa Mheastachán is Fearr, sa Bhainistíocht Riosca, sna Forálacha Teicniúla, arna ríomh ina n-iomláine agus go hidirthréimhseach ar Fhorálacha Teicniúla; — suimigh méid an tsreafa theicniúil iomláin, i.e.: insreabhadh lúide eis-sreabhadh ar fhorálacha teicniúla comhiomlána (C0100/R0340 le haghaidh Saoil agus C0110/R0340 le haghaidh Neamhshaoil).
C0120–C0130/R0370	Athrú i bhFarasbarr sócmhainní thar dhliteanais mínithe le Forálacha Teicniúla mínithe le bainistíocht Forálacha Teicniúla — Méideanna in-aisghabhála ón athárachas	Comhfhreagraíonn an ríomh seo don phrionsabal a leanas: — meas an t-athrú i Méideanna in-aisghabhála ón athárachas; — suimigh méid iomlán an tsreafa theicniúil, i.e.: insreabhadh lúide eis-sreabhadh, a bhaineann le hathárachas le linn na tréimhse. Má tá tionchar dearfach ag an méid ar an bhFarasbarr Sócmhainní thar Dhliteanais, is méid deimhneach a bheidh sa mhéid seo.

S.29.04 — Anailís mhionsonraithe in aghaidh na tréimhse — Sreabhadh teicniúil in áit Forálacha teicniúla

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh eintitis aonair.

Líonfar an teimpléad seo isteach ar bhonn luacháil Shócmhainneacht II, i.e. sainmhínítear préimheanna scríofa mar na préimheanna atá le fáil ag an ngnóthas sa tréimhse. Ach an sainmhíniú sin a chur i bhfeidhm, ciallaíonn sin gurb iad na préimheanna scríofa sa bhliain luaite na préimheanna atá le fáil sa bhliain sin go hiarbhír, gan beann ar an tréimhse cumhdaigh. Tá an sainmhíniú ar phréimheanna scríofa i gcomhréir leis an sainmhíniú ar "préimheanna infhaighte".

Ceanglaítear ar ghnóthais sonraí a thuairisciú ar bhonn bliain timpiste nó bliain frithgheallta, i gcomhréir le haon cheanglas de chuid an Údaráis Maoirseachta Náisiúnta. Murar shonraigh an tÚdarás Maoirseachta Náisiúnta an ceann a úsáidfear, ansin féadfaidh an gnóthas bliain timpiste nó bliain frithgheallta a úsáid de réir an chaoi a ndéanann siad bainistiú ar gach réim ghnó, ar choinníoll go n-úsáideann siad an bhliain chéanna go comhsheasmhach, bliain ar bhliain.

A mhéid a bhaineann leis an deighilt in aghaidh réimeanna gnó don anailís in aghaidh na tréimhse, déanfaidh an réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, tagairt do ghnó árachais dhírigh agus d'athárachas comhréireach arna ghlacadh.

	MÍR	TREORACHA
Z0010	Réimeanna Gnó	Réimeanna gnó a mbeidh gá le deighilt den anailís in aghaidh na tréimhse ina leith. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 — 1 agus 13 Árachas maidir le costas leighis 2 — 2 agus 14 Árachas cosanta ioncaim 3 — 3 agus 15 Árachas gortuithe tionsclaíocha 4 — 4 agus 16 Árachas dliteanais mótarfheithicle 5 — 5 agus 17 Mótarárachas eile 6 — 6 agus 18 Árachas muirí, eitlíochta agus iompair 7 — 7 agus 19 Árachas dóiteáin agus árachas le haghaidh damáiste eile do mhaoin 8 — 8 agus 20 Árachas dliteanais ghinearálta 9 — 9 agus 21 Árachas creidmheasa agus urraíochta 10 — 10 agus 22 Árachas maidir le costais dlí 11 — 11 agus 23 Cúnamh 12 — 12 agus 24 Caillteanas airgeadais ilghnéitheach 25 - Athárachas sláinte neamhréireach 26 - Athárachas taisme neamhréireach 27 - Athárachas neamhréireach muirí, eitlíochta agus iompair 28 - Athárachas neamhréireach maoine 37 — Saol (lena n-áirítear réimeanna gnó 30, 31, 32, 34 agus 36, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35) 38 — SLT Sláinte (lena n-áirítear réimeanna gnó 29, 33 agus 35)
Anailís mhionsonraithe in aghaidh na tréimhse — Sreabhadh teicniúil i gcoinne Forálacha teicniúla — bliain frithgheallta		
Rioscaí arna nglacadh le linn na tréimhse		
C0010/R0010	Préimheanna scríofa arna bhfrithghealladh le linn na tréimhse	Cuid de na préimheanna scríofa le linn na tréimhse a chomhfhreagraíonn do chonarthaí arna bhfrithghealladh le linn na bliana. Féadtar eochracha leithdháilte a úsáid chun an chuid seo den mhéid iomlán préimheanna scríofa faoi Shócmhainneacht II a dhéanann difear do chonarthaí arna bhfrithghealladh le linn na bliana a shainaithint.
C0010/R0020	Éilimh agus sochair — glan ar tharrthálas agus seachaíocht aisghafa	Cuid de na héilimh agus sochair, glan ar tharrthálas agus seachaíocht, le linn na tréimhse a chomhfhreagraíonn do rioscaí arna nglacadh le linn na tréimhse.

	MÍR	TREORACHA
		Féadtar eochracha leithdháilte a úsáid chun an chuid sin den mhéid iomlán éileamh a shainaithint, fad agus a réitíonn sé ar deireadh leis an méid iomlán éileamh agus sochar glan ar tharrthálas agus seachaíocht mar a thuairiscítear in C0100/R0320 ó S.29.03 agus in C0110/R0320 ó S.29.03.
C0010/R0030	Costais (a bhaineann le hoibleagáidí árachais agus athárachais)	Cuid de na costais le linn na tréimhse a chomhfhreagraíonn do rioscaí arna nglacadh le linn na tréimhse. Féadtar eochracha leithdháilte a úsáid chun an chuid sin den mhéid iomlán costas a shainaithint, fad agus a réitíonn sé sin ar deireadh leis an méid iomlán costas mar a thuairiscítear in C0100/R0330 ó theimpléad S.29.03 agus in C0110/R0330 ó theimpléad S.29.03.
C0010/R0040	Athrú ar an Meastachán is Fearr	Comhfhreagraíonn don athrú ar an Meastachán is Fearr le haghaidh riosca arna ghlacadh le linn na tréimhse.
C0010/R0050	Athrú ar Fhorálacha Teicniúla ina iomláine	Cuid d'Fhorálacha Teicniúla arna ríomh ina iomláine a chomhfhreagraíonn do rioscaí arna nglacadh le linn na tréimhse. Féadtar eochracha leithdháilte a úsáid chun an chuid sin den athrú iomlán i bhForálacha Teicniúla a shainaithint, fad agus a réitíonn sé sin ar deireadh leis an méid iomlán.
C0010/R0060	Glanathrú le haghaidh gnó innéacsnasctha agus aonadnasctha	Léireoidh an méid an glan-athrú, ar an gClár Comhardaithe, sna Sócmhainní arna sealbhú le haghaidh cistí innéacsnasctha agus aonadnasctha agus sna forálacha teicniúla – innéacsnasctha agus aonadnasctha (arna ríomh mar an mheastachán is fearr agus corrlach riosca, nó ríomh ina n-iomláine).
C0010/R0070	Iomlán	Tionchar iomlán ó rioscaí arna nglacadh le linn na tréimhse — comhlán ar athárachas.
Rioscaí arna nglacadh roimh an tréimhse		
C0020/R0010	Préimheanna scríofa ar chonradh arna fhrithghealladh le linn na tréimhse	Cuid de na préimheanna scríofa le linn na tréimhse a chomhfhreagraíonn do chonarthaí arna bhfrithghealladh roimh an tréimhse. Féach treoracha ar C0010/R0010.
C0020/R0020	Éilimh agus sochair — glan ar tharrthálas agus seachaíocht aisghafa	Cuid de na héilimh agus sochair, glan ar tharrthálas agus seachaíocht, le linn na tréimhse a chomhfhreagraíonn do rioscaí arna nglacadh roimh an tréimhse. Féach treoracha ar C0010/R0020.
C0020/R0030	Costais (a bhaineann le hoibleagáidí árachais agus athárachais)	Cuid de na costais le linn na tréimhse a chomhfhreagraíonn do rioscaí arna nglacadh roimh an tréimhse. Féach treoracha ar C0010/R0030.
C0020/R0040	Athrú as an Meastachán is Fearr	Athrú ar an Meastachán is Fearr de bharr insreabhadh agus eis-sreabhadh réamh-mheasta bhliain N — rioscaí arna nglacadh roimh an tréimhse (glan ar athárachas) An t-iomlán le haghaidh na réimeanna gnó uile arna dtuairisciú, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, comhfhreagróidh sé do shuim chealla C0010/R0060 go C0010/R0100 ó theimpléad S.29.03 agus C0020/R0060 go C0020/R0100 ó theimpléad S.29.03.

	MÍR	TREORACHA
C0020/R0050	Athrú ar Fhorálacha Teicniúla ina iomláine	Cuid d'Fhorálacha Teicniúla arna ríomh ina hiomláine a chomhfhreagraíonn do rioscaí arna nglacadh roimh an tréimhse. Féach treoracha ar C0010/R0050.
C0020/R0060	Glanathrú le haghaidh gnó innéacsnasctha agus aonadnasctha	Féach treoracha ar C0010/R0060.
C0020/R0070	Iomlán	Iomlán na n-athruithe a bhaineann le rioscaí arna nglacadh go dtí an tréimhse roimhe, comhlán ar athárachas.
Anailís mhionsonraithe in aghaidh na tréimhse — Sreabhadh teicniúil i gcoinne Forálacha teicniúla — Bliain timpiste		
Rioscaí arna gcumhdach i ndiaidh na tréimhse		
C0030/R0080	Préimheanna scríofa	Comhfhreagraíonn don chuid de phréimheanna scríofa a bhaineann le rioscaí arna gcumhdach i ndiaidh na tréimhse, i.e. préimheanna le tuilleamh i ndiaidh na tréimhse. Ina theannta sin, féadtar eochracha leithdháilte a úsáid chun an chuid seo de na préimheanna dá ndéantar difear a shainaithint do rioscaí arna gcumhdach i ndiaidh na tréimhse.
C0030/R0090	Éilimh agus sochair — glan ar tharrthálas agus seachaíocht aisghafa	Comhfhreagraíonn don chuid d'éilimh agus sochair, glan ar tharrthálas agus seachaíocht a bhaineann le rioscaí arna gcumhdach i ndiaidh na tréimhse (ag nialas, go teoiriciúil). Féach treoracha ar C0010/R0020.
C0030/R0100	Costais (a bhaineann le hoibleagáidí árachais agus athárachais)	An chuid de na costais le linn na tréimhse a chomhfhreagraíonn do na rioscaí arna gcumhdach i ndiaidh na tréimhse. Féach treoracha ar C0010/R0030.
C0030/R0110	Athrú ar an Meastachán is Fearr	Comhfhreagróidh an t-athrú seo ar an Meastachán is Fearr do shuim chealla C0050/R0190 ó theimpléad S.29.03 agus C0060/R0190 ó theimpléad S.29.03. i gcás ina ndéantar an anailís in S.29.03 ar bhonn na réime gnó. Tagraíonn an méid d'athruithe ar (chuid de) na Forálacha Préimheanna (i.e. i ndáil le gach oibleagáid aitheanta laistigh de theorainn an chonartha ar an dáta luachála i gcás nár tharla an t-éileamh fós) mar a leanas: — Sainaithin an chuid de na forálacha préimheanna ag clabhsúr bhliain (N) a bhaineann le tréimhse chumhdaigh a thosaigh i ndiaidh chlabhsúr deireadh bliana N — Sainaithin an chuid de na forálacha préimheanna ag clabhsúr bhliain (N – 1) a bhaineann le tréimhse cumhdaigh a thosaigh i ndiaidh chlabhsúr deireadh bliana N (i.e. i gcás forálacha préimheanna i ndáil le hoibleagáidí i níos mó ná tréimhse tuairiscithe amháin sa todhchaí)

	MÍR	TREORACHA
		I gcás go n-áirítear an méid ar tharla éilimh ina leith le linn bhliain N i bhForálacha Préimheanna ag clabhsúr na bliana (N – 1), ní mheasfar an méid sin san Athrú sa Mheastachán is Fearr ar rioscaí arna gcumhdach i ndiaidh na tréimhse, ach san Athrú sa Mheastachán is Fearr ar rioscaí arna gcumhdach le linn na tréimhse, ós rud é gur iompaigh an fhoráil seo ina Forálacha Éileamh.
C0030/R0120	Athrú ar Fhorálacha Teicniúla ina iomláine	Cuid de na Forálacha Teicniúla arna ríomh ina n-iomláine a chomhfhreagraíonn do rioscaí arna gcumhdach i ndiaidh na tréimhse. Féach treoracha ar C0010/R0050.
C0030/R0130	Glanathrú le haghaidh gnó innéacsnasctha agus aonadnasctha	Meastar nach bhfuil an chill seo infheidhme maidir le Neamhshaol Féach treoracha ar C0010/R0060.
C0030/R0140	Iomlán	Athruithe iomlána a bhaineann le rioscaí arna gcumhdach i ndiaidh na tréimhse, comhlán ar atháirachas.
Rioscaí arna gcumhdach le linn na tréimhse		
C0040/R0080	Préimheanna scríofa	Comhfhreagraíonn don chuid de na préimheanna scríofa a bhaineann le rioscaí arna gcumhdach le linn na tréimhse, i.e. préimheanna tuillte faoi phrionsabail Shócmhainneacht II. Ina theannta sin, féadtar eochracha leithdháilte a úsáid chun an chuid seo de na préimheanna dá ndéantar difear a shainaithint do rioscaí arna gcumhdach i ndiaidh na tréimhse.
C0040/R0090	Éilimh agus sochair — glan ar tharrthálas agus seachaíocht aisghafa	Comhfhreagraíonn don chuid d'éilimh agus sochair, glan ar tharrthálas agus seachaíocht a bhaineann le rioscaí arna gcumhdach le linn na tréimhse. Féach treoracha ar C0010/R0020.
C0040/R0100	Costais (a bhaineann le hoibleagáidí árachais agus athárachais)	Cuid de na costais le linn na tréimhse a chomhfhreagraíonn do rioscaí arna gcumhdach le linn na tréimhse. Féach treoracha ar C0010/R0030.
C0040/R0110	Athrú ar an Meastachán is Fearr	Athrú ar an Meastachán is Fearr le haghaidh na rioscaí arna gcumhdach le linn na tréimhse. Le haghaidh rioscaí arna gcumhdach le linn na tréimhse: comhfhreagróidh an t-athrú seo ar an Meastachán is Fearr do shuim chealla C0050/R0200 ó theimpléad S.29.03 agus C0060/R0200 ó theimpléad S.29.03. i gcás ina ndéantar an anailís in S.29.03 ar bhonn na réime gnó. Tagraíonn an méid do na cásanna seo a leanas: a) Forálacha Préimheanna ag clabhsúr Bhliain N–1 a d'iompaigh ina bhForálacha Éileamh ag clabhsúr bhliain N toisc gur tharla an t-éileamh le linn na tréimhse b) Forálacha éileamh a bhaineann le héilimh a tharla le linn na tréimhse (nárbh ann d'fhorálacha Préimheanna i ndeireadh na bliana N – 1 ina leith)

	MÍR	TREORACHA
		Is féidir an ríomh a dhéanamh mar a leanas: — Sainaithin an chuid d'fhorálacha éileamh ag clabhsúr na bliana (N) a bhaineann le rioscaí arna gcumhdach le linn na tréimhse. — Sainaithin an chuid de na forálacha préimheanna ag clabhsúr na bliana (N – 1) a bhaineann le rioscaí arna gcumhdach le linn na tréimhse. Díorthaigh an t-athrú ón dá fhigiúr.
C0040/R0120	Athrú ar Fhorálacha Teicniúla ina iomláine	Cuid d'Fhorálacha Teicniúla arna ríomh ina n-iomláine a chomhfhreagraíonn do rioscaí arna gcumhdach le linn na tréimhse. Féach treoracha ar C0010/R0050.
C0040/R0130	Glanathrú le haghaidh gnó innéacsnasctha agus aonadnasctha	Meastar nach bhfuil an chill seo infheidhme maidir le Neamhshaol Féach treoracha ar C0010/R0060.
C0040/R0140	Iomlán	Athruithe iomlána a bhaineann le rioscaí arna gcumhdach le linn na tréimhse, comhlán ar athárachas.
Rioscaí arna gcumhdach roimh an tréimhse		
C0050/R0080	Préimheanna scríofa	Comhfhreagraíonn do chuid de na préimheanna scríofa a bhaineann le rioscaí arna gcumhdach roimh an tréimhse, i.e. préimheanna tuillte faoi phrionsabail Shócmhainneacht II (i gcás nach bhfuil an phréimh dlite go dtí i ndiaidh na tréimhse cumhdaigh). Ina theannta sin, féadtar eochracha leithdháilte a úsáid chun an chuid sin de na préimheanna a shainaithint.
C0050/R0090	Éilimh agus sochair — glan ar tharrthálas agus seachaíocht aisghafa	Comhfhreagraíonn do chuid d'éilimh agus sochair, glan ar tharrthálas agus seachaíocht a bhaineann le rioscaí arna gcumhdach roimh an tréimhse. Féach treoracha ar C0010/R0020.
C0050/R0100	Costais (a bhaineann le hoibleagáidí árachais agus athárachais)	Cuid de na costais le linn na tréimhse a chomhfhreagraíonn do rioscaí arna gcumhdach roimh an tréimhse. Féach treoracha ar C0010/R0030.
C0050/R0110	Athrú ar an Meastachán is Fearr	Le haghaidh rioscaí arna gcumhdach roimh an tréimhse, comhfhreagraíonn d'insreabhadh agus d'eis-sreabhadh teicniúil réamh-mheasta bhliain N le haghaidh rioscaí arna nglacadh roimh an tréimhse. Le haghaidh rioscaí arna gcumhdach roimh an tréimhse, comhfhreagróidh an t-athrú seo ar an Meastachán is Fearr do shuim chealla R0210/C0050-C0060 go R0250/C0050–C0060 ó theimpléad S.29.03 i gcás ina ndéantar an anailís in S.29.03 ar bhonn na réime gnó.

	MÍR	TREORACHA
		Is féidir an ríomh a dhéanamh mar a leanas: — Meas cuid den Mheastachán Tosaigh is Fearr a bhaineann le rioscaí arna gcumhdach roimh an tréimhse, i.e. an Meastachán Tosaigh is Fearr gan forálacha Préimheanna san áireamh; — Aonraigh an méid sreabhaidh airgid (airgead isteach lúide airgead amach) a réamh-mheasadh laistigh den Mheastachán Tosaigh is Fearr sin don tréimhse atá á meas; — Tiocfaidh an méid aonraithe sreabhaidh airgid sin anuas ar an Meastachán tosaigh is Fearr (le haghaidh éifeacht neodraithe).
C0050/R0120	Athrú ar Fhorálacha Teicniúla ina iomláine	Cuid de na Forálacha Teicniúla ina n-iomláine a chomhfhreagraíonn do rioscaí arna gcumhdach roimh an tréimhse. Féach an bharúil ar C0010/R0050
C0050/R0130	Glanathrú le haghaidh gnó innéacsnasctha agus aonadnasctha	Meastar nach bhfuil an chill seo infheidhme maidir le Neamhshaol Féach treoracha ar C0010/R0060.
C0050/R0140	Iomlán	Athruithe iomlána a bhaineann le rioscaí arna gcumhdach roimh an tréimhse, comhlán ar athárachas.

S.30.01 — Cumhdaigh roghnacha le haghaidh bunsonraí gníomhaíochta saoil agus neamhshaoil

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh eintitis aonair.

Tá an teimpléad seo ábhartha do ghnóthais árachais agus athárachais a chuireann gnó faoi athárachas agus/nó aisghéilleadh ar bhonn roghnach.

Líonfaidh na gnóthais árachais agus athárachais neamhshaoil agus saoil é le faisnéis faoi gchumhdaigh roghnacha sa chéad bhliain tuairiscithe eile, ag cumhdach faisnéis faoin 20 neamhchosaint athárachais roghnach is mó (cuid den tsuim faoi árachas arna haistriú chuig gach athárachóir) foriomlán móide an dá cheann is mó i ngach réim ghnó i gcás nach gcumhdaítear leis an 20 ceann is mó iad. Cuirtear gach riosca roghnach faoi bhráid an athárachóra agus déantar téarmaí agus coinníollacha an athárachais roghnaigh a idirbheartú go haonarach maidir le gach polasaí. Tá conarthaí lena gcumhdaítear rioscaí go huathoibríoch lasmuigh de raon feidhme an teimpléid seo agus ní mór iad a thuairisciú in S.30.03.

Beidh cód uathúil ag gach riosca frithgheallta arna shonrú leis an "gcód aitheantais riosca".

Teimpléad ionchasach is ea an teimpléad seo (le bheith i gcomhréir le S.30.03) agus dá bhrí sin, léireoidh sé na conarthaí athárachais a bheidh éifeachtach agus bailí le linn na chéad bhliana tuairiscithe eile le haghaidh an 20 neamhchosaint athárachais roghnach foriomlán is mó, móide an dá cheann is mó i ngach réim ghnó i gcás nach gcumhdaítear leis an 20 ceann is mó iad. Tuairisceoidh gnóthais na rioscaí is tábhachtaí sa chéad tréimhse tuairiscithe eile arna gcumhdach le conarthaí athárachais a bheidh bailí le linn na chéad tréimhse tuairiscithe eile. Má thagann athrú ábhartha ar an straitéis athárachais i ndiaidh an dáta bailíochta nó má dhéantar athnuachan na gconarthaí athárachais níos déanaí ná an dáta tuairiscithe agus roimh an 1 Eanáir seo chugainn, cuirfear an fhaisnéis sa teimpléad seo ar aghaidh arís nuair a bheidh sí leordhóthanach.

Beidh láithriú roghnach a chumhdaíonn réimeanna gnó éagsúla le feiceáil sa réim ghnó ábhartha freisin má rangaítear é laistigh den 20 neamhchosaint athárachais roghnach is mó móide an dá cheann is mó i ngach réim ghnó i gcás nach gcumhdaítear leis an 20 riosca is mó sa réim ghnó chéanna é.

Níor cheart an teimpléad seo a thuairisciú ach amháin i gcás ina bhfuil na méideanna in-aisghabhála ón athárachas níos airde ná 10 % den Mheastachán is Fearr arna ríomh ar leithligh le haghaidh gníomhaíocht saoil agus neamhshaoil.

	MÍR	TREORACHA
Cumhdaigh roghnacha neamhshaoil		
C0020	Cód cláir athárachais	Cód athárachais a bhaineann go sonrach le gnóthas, a nascann an clár ceannasach um an gconradh athárachais, a chosnaíonn an riosca arna chumhdach leis an athárachas roghnach freisin. Beidh an cód cláir Athárachais i gcomhréir leis an gcód cláir Athárachais in S.30.03 — Clár Athárachais Amach sa chéad bhliain tuairiscithe eile.
C0030	Cód aitheantais riosca	Le haghaidh gach réime gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, d'árachas neamhshaoil, roghnófar an 20 neamhchosaint athárachais roghnach is mó (cuid den tsuim faoi árachas arna haistriú chuig gach athárachóir) ar an iomlán, móide an dá cheann is mó i ngach réim ghnó i gcás nach gcumhdaítear iad leis an 20 ceann is mó atá faoi réir an athárachais roghnaigh a bheidh i bhfeidhm sa chéad tréimhse tuairiscithe eile (agus i gcás inar tionscnaíodh iad i mblianta roimhe sin). Is uimhir aitheantais uathúil atá sa chód, arna eisiúint ag an árachóir, a shainaithníonn an riosca agus nach n-athrófar é le haghaidh tuarascálacha bliantúla ina dhiaidh sin. Ar an gcód sin a shannadh, ní úsáidfear é le haghaidh riosca eile, fiú nuair nach ann a thuilleadh don riosca dár sannadh an cód ar dtús. Nuair a dhéanann riosca amháin difear do níos mó ná aon réim ghnó amháin, féadtar an cód céanna a úsáid le haghaidh gach réime gnó a ndéantar difear di.
C0040	Cód aitheantais láithrithe athárachais roghnaigh	Ní mór uimhir sheicheamhach ar uimhir uathúil don riosca í a shannadh do gach láithriú athárachais roghnaigh. Is cód a bhaineann go sonrach le heintiteas é an cód aitheantais don láithriú athárachais roghnaigh.
C0041	Réim ghnó le haghaidh neamhshaoil	Sainaithint na réime gnó mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, arna tuairisciú. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 — Árachas maidir le caiteachas leighis 2 — Árachas cosanta ioncaim 3 — Árachas gortuithe tionsclaíocha 4 — Árachas dliteanais mótarfheithicle 5 — Árachas mótair eile 6 — Árachas muirí, eitlíochta agus iompair 7 — Árachas dóiteáin agus árachas le haghaidh damáiste eile do mhaoin 8 — Árachas dliteanais ghinearálta 9 — Árachas creidmheasa agus urraíochta 10 — Árachas maidir le costais dlí 11 — Cúnamh 12 — Caillteanas airgeadais ilghnéitheach

	MÍR	TREORACHA
		13 — Athárachas comhréireach caiteachais leighis 14 — Athárachas comhréireach cosanta ioncaim 15 — Athárachas comhréireach um ghortuithe tionsclaíocha 16 — Athárachas comhréireach um dhliteanas mótarfheithiclí 17 — Athárachas mótair comhréireach eile 18 — Athárachas comhréireach muirí, eitlíochta agus iompair 19 — Athárachas comhréireach dóiteáin agus le haghaidh damáiste eile do mhaoin 20 — Athárachas comhréireach dliteanais ghinearálta 21 — Athárachas comhréireach creidmheasa agus urraíochta 22 — Athárachas comhréireach costas dlí 23 — Athárachas comhréireach cúnaimh 24 — Athárachas comhréireach ilghnéitheach caillteanais airgeadais 25 — Athárachas sláinte neamhréireach 26 — Athárachas taisme neamhréireach 27 — Athárachas neamhréireach muirí, eitlíochta agus iompair 28 — Athárachas neamhréireach maoine
C0042	Léiriú ar bheith ar cheann den 20 neamhchosaint is mó	Léirigh cé acu atá nó nach bhfuil an neamhchosaint ar cheann den 20 neamhchosaint is mó de chuid an ghnóthais. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 – Tá sé ar cheann den 20 is mó 2 – Níl an réim ghnó ar cheann den 20 is mó
C0050	Athárachas finideach nó socruithe comhchosúla	An conradh athárachais a shainaithint. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 — Athárachas neamhthraidisiúnta nó finideach (i gcás aon chonradh athárachais nó ionstraim airgeadais nach bhfuil bunaithe go díreach ar phrionsabal na slánaíochta nó atá bunaithe ar fhoclaíocht chonartha a bhfuil sásra aistrithe riosca teoranta aige nó nach bhfuil sásra aistrithe riosca follasach aige) 2 — Seachas athárachas neamhthraidisiúnta nó finideach I gcás athárachais chríochta nó socrú comhchosúil, ní gá ach na míreanna is indéanta a líonadh isteach.
C0060	Comhréireach	Léirigh cé acu an athárachas comhréireach atá sa chlár athárachais nó nach ea, i.e. baineann sé le hathárachóir a thógann sciar céatadáin luaite de gach polasaí a fhoscríobhann árachóir. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Athárachas comhréireach 2 — Athárachas neamhréireach

	MÍR	TREORACHA
C0070	An chuideachta/duine lena mbaineann an riosca a shainaithint	Má bhaineann an riosca le cuideachta sainaithin ainm na cuideachta lena mbaineann an riosca. Má bhaineann an riosca le duine nádúrtha, tabhair ainm bréige ar an uimhir pholasaí bhunaidh agus tabhair tuairisc ar fhaisnéis faoin ainm bréige. Tagraíonn sonraí faoi ainm bréige do shonraí nach féidir a chur i leith duine aonair ar leith gan faisnéis bhreise a úsáid, a fhad agus a choimeádtar faisnéis bhreise den sórt sin ar leithligh. Cinnteofar comhsheasmhacht le himeacht ama. Tugtar le fios leis má thagann riosca frithgheallta aonair chun cinn ó bhliain go chéile, go bhfaighidh sé an fhormáid chéanna maidir le hainm bréige.
C0080	Riosca tuairisce	Tuairisc ar an riosca. Ag brath ar an réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, tabhair tuairisc ar an gcineál cuideachta, foirgnimh nó gairme beatha de chuid an riosca shonraigh atá faoi árachas.
C0090	Catagóir riosca tuairisce chumhdaithe	Tuairisc ar phríomh-raon feidhme chumhdach an riosca roghnaigh. Is cuid den tuairisc a úsáidtear chun an láithriú a shainaithint, de ghnáth. Baineann an tuairisc ar an gcatagóir riosca chumhdaithe go sonrach le heintiteas agus níl sé éigeantach. Níl an téarma "catagóir riosca" bunaithe ar théarmeolaíochtaí Threoir 2009/138/CE ná Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35/CE ach is féidir é a mheas mar fhéidearthacht bhreise chun faisnéis bhreise a thabhairt faoin riosca/faoi na rioscaí frithgheallta.
C0100	Tréimhse bhailíochta (dáta tosaigh)	Sainaithin cód ISO 8601 (bbbb-mm-ll) dháta tosaithe an chumhdaigh shonraigh, i. e., an dáta ar tháinig an cumhdach i bhfeidhm.
C0110	Tréimhse bhailíochta (dáta éaga)	Sainaithin cód ISO 8601 (bbbb-mm-ll) dháta éaga deiridh an chumhdaigh shonraigh. I gcás nach bhfuil aon athrú tagtha ar choinníollacha an chumhdaigh faoin tráth atá an teimpléad á líonadh isteach agus nach mbaineann an gnóthas úsáid as an gclásal foirceanta, is é an chéad dáta éaga féideartha eile a bheidh sa dáta éaga.
C0120	Airgeadra	Sainaithin cód aibítre ISO 4217 an airgeadra a úsáideadh agus an cumhdach roghnach á láithriú. Ní mór na méideanna uile a shloinneadh san airgeadra sin don chumhdach roghnach sonrach, mura gceanglaíonn an t-údarás maoirseachta náisiúnta a mhalairt. I gcás ina láithrítear an cumhdach roghnach in dhá airgeadra éagsúla, ansin ní mór an príomh-airgeadra a líonadh isteach.
C0130	Suim faoi árachas	An méid is airde ar féidir a cheangal ar an árachóir é a íoc faoin bpolasaí. Baineann an tsuim faoi árachas leis an riosca frithgheallta. I gcás ina ndéanann an cumhdach roghnach foráil do roinnt neamhchosaintí/rioscaí ar fud na tíre, sonrófar teorainneacha comhiomlána an pholasaí. Má glacadh an riosca ar bhonn comhárachais, léirítear leis an tsuim faoi árachas dliteanas uasta an árachóra neamhshaoil tuairiscithe. I gcás suim neamhtheoranta faoi árachas, is éard a bheidh sa "Suim faoi árachas" ná meastachán ar an gcaillteanas féideartha ionchasach (arna ríomh agus úsáid á baint as na modhanna céanna a úsáidtear chun an phréimh a ríomh, rud a léireoidh an fhíor-neamhchosaint ar riosca).
C0140	An cineál samhla frithgheallta	An cineál samhla frithgheallta a úsáidtear chun meastachán a thabhairt ar neamhchosaint an riosca frithgheallta agus an gá atá le cosaint athárachais. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Suim faoi árachas an méid is airde ar féidir a cheangal ar an árachóir é a íoc de réir an pholasaí bunaidh. Ní mór suim faoi árachas a líonadh isteach freisin i gcás nach infheidhme an cineál samhla frithgheallta

	MÍR	TREORACHA
		2 — Uasmhéid Féideartha Caillteanais caillteanas a d'fhéadfadh tarlú nuair a dhéantar na himthosca is mífhabhraí a chomhcheangal go heisceachtúil a bheag nó a mhór, ní stoptar an dóiteán ach amháin le bacainní dosháraithe nó easpa substainte. 3 — Uasmhéid Dóchúil Caillteanais arna shainmhíniú mar an meastachán den chaillteanas is mó ó dhóiteán aonair nó ó phriacal a mbeidh coinne leis, ag glacadh leis an lagú aonair is measa de phríomh-chórais cosanta dóiteáin phríobháideacha ach le córais nó le heagraíochtaí cosanta tánaisteacha (amhail eagraíochtaí éigeandála agus freagairt na roinne dóiteáin príobháidí agus/nó poiblí) atá ag feidhmiú mar atá beartaithe. Dálaí tubaisteacha cosúil le pléascáin a leanann as scaoileadh ollmhór gás inlasta, a bhféadfadh limistéir mhóra den ghléasra a bheith i gceist leo, madhmadh pléascán ollmhór, suaitheadh de chineálacha éagsúla seismice, toinn tuile nó tuile, aerárthaí saorthitime, agus coirloscadh arna dhéanamh i mbreis agus limistéar amháin, tá siad eisiata sa mheastachán seo. Is foirm hibrideach é an sainmhíniú sin idir Uasmhéid Féideartha Caillteanais agus Uasmhéid Measta Caillteanais a nglactar leis go ginearálta agus a úsáideann árachóirí, athárachóirí agus bróicéirí athárachais go minic 4 — Uasmhéid Measta Caillteanais caillteanas a d'fhéadfaí a sheasamh go réasúnta ó na teagmhais atá á meas, de thoradh teagmhais aonair a mheastar atá dóchúil ag cur na bhfachtóirí uile is dóigh a mhéadóidh nó a laghdóidh méid an chaillteanais san áireamh, ach comhtharlúintí agus tubaistí a d'fhéadfadh tarlú ach nach dóigh a tharlóidh á n-eisiamh. 5 — Eile samhlacha féideartha frithgheallta eile a úsáidtear. Ní mór an cineál samhla frithgheallta "eile" a chuirtear i bhfeidhm a mhíniú sa Tuarascáil Mhaoirseachta Thráthrialta Cé go n-úsáidtear na sainmhínithe thuas le haghaidh na réime gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, "Árachas dóiteáin agus árachas le haghaidh damáiste eile do mhaoin", d'fhéadfadh sainmhínithe cosúla a bheith i bhfeidhm le haghaidh réimeanna gnó eile.
C0150	Méid na samhla frithgheallta	Méid uasta caillteanais an riosca frithgheallta mar thoradh ar an tsamhail frithgheallta a úsáidtear.
C0160	Suim a chuirtear faoi athárachas ar bhonn roghnach, le gach athárachóir	Tá an tsuim a chuirtear faoi athárachas ar bhonn roghnach ina cuid den tsuim faoi árachas a chuirtear faoi athárachas ar bhonn roghnach í. Beidh an méid i gcomhréir leis an tSuim faoi árachas mar a shonraítear in C0130 agus léiríonn sí an dliteanas uasta (100 %) do na hathárachóirí roghnacha.
C0170	Préimh athárachais roghnach arna géilleadh do gach athárachóir le haghaidh 100 % den láithriú athárachais	Préimh athárachais bhliantúil nó scríofa chomhlán lena bhfuil coinne, comhlán ar choimisiúin ghéillte, arna géilleadh d'athárachóirí dá sciar.

Cumhdaigh roghnacha shaoil

C0190	Cód cláir athárachais	Cód athárachais a bhaineann go sonrach le gnóthas, a nascann an clár ceannasach um an gconradh athárachais, a chosnaíonn an riosca arna chumhdach leis an athárachas roghnach freisin. Beidh an cód cláir Athárachais i gcomhréir leis an gcód cláir Athárachais in S.30.03 — Clár Athárachais Amach sa chéad bhliain tuairiscithe eile.

	MÍR	TREORACHA
C0200	Cód aitheantais riosca	Le haghaidh gach réime gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, d'árachas neamhshaoil, roghnófar an 20 neamhchosaint athárachais roghnach is mó (cuid den tsuim faoi árachas arna haistriú chuig gach athárachóir) ar an iomlán, móide an dá cheann is mó i ngach réim ghnó i gcás nach gcumhdaítear iad, ó thaobh na neamhchosanta de, leis an 20 ceann is mó atá faoi réir an athárachais roghnaigh a bheidh i bhfeidhm sa chéad tréimhse tuairiscithe eile (agus i gcás inar tionscnaíodh iad i mblianta roimhe sin). Is uimhir aitheantais uathúil atá sa chód, arna eisiúint ag an árachóir, a shainaithníonn an riosca agus nach n-athrófar é le haghaidh tuarascálacha bliantúla ina dhiaidh sin. Ar an gcód sin a shannadh, ní úsáidfear é le haghaidh riosca eile, fiú nuair nach ann a thuilleadh don riosca dár sannadh an cód ar dtús. Nuair a dhéanann riosca amháin difear do níos mó ná aon réim ghnó amháin, féadtar an cód céanna a úsáid le haghaidh gach réime gnó a ndéantar difear di.
C0210	Cód aitheantais láithrithe athárachais roghnaigh	Ní mór uimhir sheicheamhach ar uimhir uathúil don riosca í a shannadh do gach láithriú athárachais roghnaigh. Is cód a bhaineann go sonrach le heintiteas é an cód aitheantais don láithriú athárachais roghnaigh.
C0211	Réim ghnó le haghaidh oibleagáidí saoil	Sainaithint na réime gnó mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, arna tuairisciú. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 29 — Árachas sláinte 30 — Árachas le comhroinnt brabúis 31 — árachas innéacsnasctha agus aonadnasctha 32 — Árachas saoil eile 33 — Blianachtaí ag eascairt as conarthaí árachais neamhshaoil agus a bhaineann le hoibleagáidí árachais sláinte 34 — Blianachtaí ag eascairt as conarthaí árachais neamhshaoil agus a bhaineann le hoibleagáidí árachais seachas oibleagáidí árachais sláinte 35 — Athárachas sláinte 36 — Athárachas saoil
C0212	Léiriú ar bheith ar cheann den 20 neamhchosaint is mó	Léirigh cé acu atá nó nach bhfuil an neamhchosaint ar cheann den 20 neamhchosaint is mó de chuid an ghnóthais. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 – Tá sé ar cheann den 20 is mó 2 – Níl an réim ghnó ar cheann den 20 is mó
C0220	Athárachas finideach nó socruithe comhchosúla	Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Athárachas neamhthraidisiúnta nó finideach (i gcás aon chonradh athárachais nó ionstraim airgeadais nach bhfuil bunaithe go díreach ar phrionsabal na slánaíochta nó atá bunaithe ar fhoclaíocht chonartha a bhfuil sásra aistrithe riosca teoranta aige nó nach bhfuil sásra aistrithe riosca follasach aige) 2 — Seachas athárachas neamhthraidisiúnta nó finideach

	MÍR	TREORACHA
C0230	Comhréireach	Léirigh cé acu an athárachas comhréireach atá sa chlár athárachais nó nach ea, i.e. baineann sé le hathárachóir a thógann sciar céatadáin luaite de gach polasaí a fhoscríobhann árachóir. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Athárachas comhréireach 2 — Athárachas neamhréireach
C0240	An chuideachta/duine lena mbaineann an riosca a shainaithint	Má bhaineann an riosca le cuideachta sainaithin ainm na cuideachta lena mbaineann an riosca Má bhaineann an riosca le duine nádúrtha, tabhair ainm bréige ar an uimhir pholasaí bhunaidh agus tabhair tuairisc ar fhaisnéis faoin ainm bréige. Tagraíonn sonraí faoi ainm bréige do shonraí nach féidir a chur i leith duine aonair ar leith gan faisnéis bhreise a úsáid, a fhad agus a choimeádtar faisnéis bhreise den sórt sin ar leithligh. Cinnteofar comhsheasmhacht le himeacht ama. Tugtar le fios leis má thagann riosca frithgheallta aonair chun cinn ó bhliain go chéile, go bhfaighidh sé an fhormáid chéanna maidir le hainm bréige.
C0250	Catagóir riosca tuairisce chumhdaithe	Tuairisc ar phríomh-raon feidhme chumhdach an riosca roghnaigh. Is cuid den tuairisc a úsáidtear chun an láithriú a shainaithint, de ghnáth. Baineann an tuairisc ar an gcatagóir riosca chumhdaithe go sonrach le heintiteas agus níl sé éigeantach. Níl an téarma "catagóir riosca" bunaithe ar théarmeolaíochtaí Threoir Shócmhainneacht II ach is féidir é a mheas mar fhéidearthacht bhreise chun faisnéis bhreise a thabhairt faoin riosca/faoi na rioscaí frithgheallta.
C0260	Tréimhse bhailíochta (dáta tosaigh)	Sainaithin cód ISO 8601 (bbbb-mm-ll) dháta tosaithe an chumhdaigh shonraigh, i. e., an dáta ar tháinig an cumhdach i bhfeidhm.
C0270	Tréimhse bhailíochta (dáta éaga)	Sainaithin cód ISO 8601 (bbbb-mm-ll) dháta éaga deiridh an chumhdaigh shonraigh.
C0280	Airgeadra	Sainaithin cód aibítre ISO 4217 an airgeadra a úsáideadh agus an cumhdach roghnach á láithriú. Ní mór na méideanna uile a shloinneadh san airgeadra sin don chumhdach roghnach sonrach, mura gceanglaíonn an t-údarás maoirseachta náisiúnta a mhalairt. I gcás ina láithrítear an cumhdach roghnach in dhá airgeadra éagsúla, ansin ní mór an príomh-airgeadra a líonadh isteach.
C0290	Suim faoi Árachas	An méid a íocann an t-árachóir saoil leis an tairbhí. Má tá an riosca faoi gchomhárachas le hárachóirí saoil eile, ní mór an caipiteal faoi árachas atá iníoctha ag an árachóir saoil tuairiscithe a thuairisciú anseo.
C0300	Caipiteal faoi riosca	An caipiteal faoi riosca, mar a shainmhínítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35/CE. Má tá an riosca faoi gchomhárachas le hárachóirí saoil eile, ní mór an caipiteal riosca a bhaineann le sciar de mhéid an árachóra saoil sa chaipiteal faoi árachas a thuairisciú anseo.
C0310	Suim a chuirtear faoi athárachas ar bhonn roghnach, le gach athárachóir	Is éard atá sa tsuim a chuirtear faoi athárachas ar bhonn roghnach ná an chuid sin den tsuim faoi árachas a chuirtear faoi athárachas ar bhonn roghnach. Meastar go mbeidh an méid i gcomhréir leis an tSuim faoi árachas mar a shonraítear in C0290 agus léiríonn sí an dliteanas uasta (100 %) do na hathárachóirí roghnacha.
C0320	Préimh athárachais roghnach arna géilleadh do gach athárachóir le haghaidh 100 % den láithriú athárachais	Préimh athárachais bhliantúil nó scríofa chomhlán lena bhfuil coinne, comhlán ar choimisiúin ghéillte, arna géilleadh d'athárachóirí dá sciar.

S.30.02 — Cumhdaigh roghnacha le haghaidh sonraí scaireanna gníomhaíochta saoil agus neamhshaoil

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh eintitis aonair.

Tá an teimpléad seo ábhartha do ghnóthais árachais agus athárachais a chuireann gnó faoi athárachas agus/nó aisghéilleadh ar bhonn roghnach.

Líonfaidh na gnóthais árachais agus athárachais neamhshaoil agus saoil é le faisnéis faoi scaireanna atá ag athárachóirí i gcumhdaigh roghnacha sa chéad bhliain tuairiscithe eile a chumhdaíonn faisnéis faoin 20 neamhchosaint athárachais roghnach is mó (cuid den tsuim faoi árachas arna haistriú chuig gach athárachóir) foriomlán móide an dá cheann is mó i ngach réim ghnó i gcás nach gcumhdaítear leis an 20 ceann is mó iad (e.g. i gcásanna nach n-oireann na rioscaí arna nglacadh sa ghnáth-ghlacadh polasaí agus nárbh fhéidir iad a ghlacadh ach amháin i gcás ina gcuirfí cuid den riosca faoi athárachas ar bhonn roghnach). Cuirtear gach riosca roghnach faoi bhráid an athárachóra agus déantar téarmaí agus coinníollacha an athárachais roghnaigh a idirbheartú go haonarach maidir le gach polasaí. Tá conarthaí lena gcumhdaítear rioscaí go huathoibríoch lasmuigh de raon feidhme an teimpléid seo agus ní mór iad a thuairisciú in S.30.03.

Ina theannta sin, beidh cód uathúil ag gach riosca frithgheallta arna shonrú leis an "cód aitheantais riosca". Scarfar gach riosca roghnaithe chun coinníollacha uathúla a fháil le haghaidh conradh i réim aonair. I gcás ina mbaineann cumhdach roghnach mar a thuairiscítear i dteimpléad S.30.01 le níos mó ná aon ghnóthas athárachais amháin, líonfar isteach an teimpléad seo leis an oiread céanna rónna agus atá gnóthais athárachais bainteach leis an gcumhdach roghnach sonrach sin.

Teimpléad ionchasach is ea an teimpléad seo (le bheith i gcomhréir le S.30.03) agus dá bhrí sin, léireoidh sé na conarthaí athárachais a bheidh éifeachtach agus bailí le linn na chéad bhliana tuairiscithe eile le haghaidh an 20 neamhchosaint athárachais roghnach foriomlán is mó, móide an dá cheann is mó i ngach réim ghnó i gcás nach gcumhdaítear leis an 20 ceann is mó iad. Tuairisceoidh gnóthais na rioscaí is tábhachtaí sa chéad tréimhse tuairiscithe eile arna gcumhdach le conarthaí athárachais a bheidh bailí le linn na chéad tréimhse tuairiscithe eile. Má thagann athrú ábhartha ar an straitéis athárachais i ndiaidh an dáta bailíochta nó má dhéantar athnuachan na gconarthaí athárachais níos déanaí ná an dáta tuairiscithe agus roimh an 1 Eanáir seo chugainn, cuirfear an fhaisnéis sa teimpléad seo ar aghaidh arís nuair a bheidh sí leordhóthanach.

Beidh láithriú roghnach a chumhdaíonn réimeanna gnó éagsúla le feiceáil sna rónna éagsúla freisin má rangaítear é laistigh den 20 neamhchosaint athárachais roghnach is mó móide an dá cheann is mó i ngach réim ghnó i gcás nach gcumhdaítear leis an 20 riosca is mó sa réim ghnó chéanna é.

Líonfar isteach an teimpléad seo le haghaidh gach athárachóra a ghlac an cumhdach roghnach.

Níor cheart an teimpléad seo a thuairisciú ach amháin i gcás ina bhfuil na méideanna in-aisghabhála ón athárachas níos airde ná 10 % den Mheastachán is Fearr arna ríomh ar leithligh le haghaidh gníomhaíocht saoil agus neamhshaoil.

	MÍR	TREORACHA
Cumhdaigh roghnacha neamhshaoil		
C0020	Cód cláir athárachais	Cód athárachais a bhaineann go sonrach le gnóthas, a nascann an clár ceannasach um an gconradh athárachais, a chosnaíonn an riosca arna chumhdach leis an athárachas roghnach freisin. Beidh an cód cláir Athárachais i gcomhréir leis an gcód cláir Athárachais in S.30.03 — Clár Athárachais Amach sa chéad bhliain tuairiscithe eile.
C0030	Cód aitheantais riosca	Le haghaidh gach réime gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, d'árachas neamhshaoil, roghnófar an 20 neamhchosaint athárachais roghnach is mó (cuid den tsuim faoi árachas arna haistriú chuig gach athárachóir) foriomlán, móide an dá cheann is mó i ngach réim ghnó i gcás nach gcumhdaítear iad, ó thaobh na neamhchosanta de, leis an 20 ceann is mó atá faoi réir an athárachais roghnaigh a bheidh i bhfeidhm sa chéad tréimhse tuairiscithe eile (agus i gcás inar tionscnaíodh iad i mblianta roimhe sin). Is uimhir aitheantais uathúil atá sa chód, arna eisiúint ag an árachóir, a shainaithníonn an riosca agus nach n-athrófar é le haghaidh tuarascálacha bliantúla ina dhiaidh sin.

	MÍR	TREORACHA
		Ar an gcód sin a shannadh, ní úsáidfear é le haghaidh riosca eile, fiú nuair nach ann a thuilleadh don riosca dár sannadh an cód ar dtús. Nuair a dhéanann riosca amháin difear do níos mó ná aon réim ghnó amháin, féadtar an cód céanna a úsáid le haghaidh gach réime gnó a ndéantar difear di.
C0040	Cód aitheantais láithrithe athárachais roghnaigh	Ní mór uimhir sheicheamhach ar uimhir uathúil don riosca í a shannadh do gach láithriú athárachais roghnaigh. Is cód a bhaineann go sonrach le heintiteas é an cód aitheantais don láithriú athárachais roghnaigh.
C0050	Cód an athárachóra	Cód aitheantais an athárachóra san ord tosaíochta seo: — Aitheantóir an Eintitis Dhlítheanaigh (LEI); — Cód sonrach atá sannta ag an ngnóthas I gcás ina mbeidh cód sonrach sannta ag an ngnóthas, beidh an cód sin uathúil don athárachóir nó bróicéir sonrach agus ní bheidh forluí idir sin agus aon chód eile atá sannta ag an ngnóthas ná aon chód LEI. I gcás ina bhfuil cód ann cheana féin (e.g. aitheantóir náisiúnta), úsáidfear an cód céanna leis an aitheantóir sin agus coimeádfar é go comhsheasmhach le himeacht ama go dtí go mbeidh cód LEI ann.
C0051	Cineál cóid athárachóra	An cód a úsáidtear sa mhír "Cód an athárachóra" a shainaithint. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 — LEI 2 — Cód sonrach
C0061	Réim ghnó le haghaidh neamhshaoil	Sainaithint na réime gnó mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, arna tuairisciú. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 — Árachas maidir le caiteachas leighis 2 — Árachas cosanta ioncaim 3 — Árachas gortuithe tionsclaíocha 4 — Árachas dliteanais mótarfheithicle 5 — Árachas mótair eile 6 — Árachas muirí, eitlíochta agus iompair 7 — Árachas dóiteáin agus árachas le haghaidh damáiste eile do mhaoin 8 — Árachas dliteanais ghinearálta 9 — Árachas creidmheasa agus urraíochta 10 — Árachas maidir le costais dlí 11 — Cúnamh 12 — Caillteanas airgeadais ilghnéitheach 13 — Athárachas comhréireach caiteachais leighis 14 — Athárachas comhréireach cosanta ioncaim 15 — Athárachas comhréireach um ghortuithe tionsclaíocha 16 — Athárachas comhréireach um dhliteanas mótarfheithiclí 17 — Athárachas mótair comhréireach eile 18 — Athárachas comhréireach muirí, eitlíochta agus iompair 19 — Athárachas comhréireach dóiteáin agus le haghaidh damáiste eile do mhaoin 20 — Athárachas comhréireach dliteanais ghinearálta

	MÍR	TREORACHA
		21 — Athárachas comhréireach creidmheasa agus urraíochta 22 — Athárachas comhréireach costas dlí 23 — Athárachas comhréireach cúnaimh 24 — Athárachas comhréireach ilghnéitheach caillteanais airgeadais 25 — Athárachas sláinte neamhréireach 26 — Athárachas taisme neamhréireach 27 — Athárachas neamhréireach muirí, eitlíochta agus iompair 28 — Athárachas neamhréireach maoine
C0065	Léiriú ar bheith ar cheann den 20 neamhchosaint is mó	Léirigh cé acu atá nó nach bhfuil an neamhchosaint ar cheann den 20 neamhchosaint is mó de chuid an ghnóthais. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 – Tá sé ar cheann den 20 is mó 2 – Níl an réim ghnó ar cheann den 20 is mó
C0100	Sciar an athárachóra (%)	Céatadán an láithrithe roghnaigh arna ghlacadh ag an athárachóir, sloinnte mar dhearbhchéatadán den Mhéid faoi athárachas ar bhonn roghnach, le gach athárachóir, mar a thuairiscítear i gcolún C0160 de S.30.01 — Cumhdaigh roghnacha (i dtéarmaí neamhchosaint faoi athárachas) — Bunúsach. Déanfar an céatadán a thuairisciú mar dheachúil.
C0110	Airgeadra	Sainaithin cód aibítre ISO 4217 an airgeadra a úsáideadh agus an cumhdach roghnach á láithriú. Ní mór na méideanna uile a shloinneadh san airgeadra sin don chumhdach roghnach sonrach, mura gceanglaíonn an t-údarás maoirseachta náisiúnta a mhalairt. I gcás ina láithrítear an cumhdach roghnach in dhá airgeadra éagsúla, ansin ní mór an príomh-airgeadra a líonadh isteach.
C0120	Suim faoi athárachas le hathárachóir roghnach	An tsuim atá faoi athárachas ar bhonn roghnach leis an athárachóir.
C0130	Préimh athárachais ghéillte roghnach	Préimh athárachais bhliantúil nó scríofa chomhlán lena bhfuil coinne, arna géilleadh d'athárachóirí dá sciar.
C0140	Nótaí	Tuairiscí ar chásanna ina bhfuil rannpháirtíocht an athárachóra ag coinníollacha atá difriúil le coinníollacha an láithrithe roghnaigh nó conartha chaighdeánaigh, nó inar ann don rannpháirtíocht sin chun aon fhaisnéis eile nach mór don ghnóthas a chur in iúl don Mhaoirseoir a sholáthar.

Cumhdaigh roghnacha shaoil

C0150	Cód cláir athárachais	Cód athárachais a bhaineann go sonrach le gnóthas, a nascann an clár ceannasach um an gconradh athárachais, a chosnaíonn an riosca arna chumhdach leis an athárachas roghnach freisin. Beidh an cód cláir Athárachais i gcomhréir leis an gcód cláir Athárachais in S.30.03 — Clár Athárachais Amach sa chéad bhliain tuairiscithe eile.

	MÍR	TREORACHA
C0160	Cód aitheantais riosca	Le haghaidh gach réime gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, d'árachas neamhshaoil, roghnófar an 20 neamhchosaint athárachais roghnach is mó (cuid den tsuim faoi árachas arna haistriú chuig gach athárachóir) ar an iomlán, móide an dá cheann is mó i ngach réim ghnó i gcás nach gcumhdaítear iad, ó thaobh na neamhchosanta de, leis an 20 ceann is mó atá faoi réir an athárachais roghnaigh a bheidh i bhfeidhm sa chéad tréimhse tuairiscithe eile (agus i gcás inar tionscnaíodh iad i mblianta roimhe sin). Is uimhir aitheantais uathúil atá sa chód, arna eisiúint ag an árachóir, a shainaithníonn an riosca agus nach n-athrófar é le haghaidh tuarascálacha bliantúla ina dhiaidh sin. Ar an gcód sin a shannadh, ní úsáidfear é le haghaidh riosca eile, fiú nuair nach ann a thuilleadh don riosca dár sannadh an cód ar dtús. Nuair a dhéanann riosca amháin difear do níos mó ná aon réim ghnó amháin, féadtar an cód céanna a úsáid le haghaidh gach réime gnó a ndéantar difear di.
C0170	Cód aitheantais láithrithe athárachais roghnaigh	Uimhir sheicheamhach ar uimhir uathúil don riosca í arna sannadh ag an ngnóthas do gach láithriú athárachais roghnaigh.
C0180	Cód an athárachóra	Cód aitheantais an athárachóra san ord tosaíochta seo: — Aitheantóir an Eintitis Dhlítheanaigh (LEI); — Cód sonrach atá sannta ag an ngnóthas I gcás ina mbeidh cód sonrach sannta ag an ngnóthas, beidh an cód sin uathúil don athárachóir sonrach sin agus ní bheidh forluí idir sin agus aon chód eile atá sannta ag an ngnóthas ná aon chód LEI. I gcás ina bhfuil cód ann cheana féin (e.g. aitheantóir náisiúnta), úsáidfear an cód céanna leis an aitheantóir sin agus coimeádfar é go comhsheasmhach le himeacht ama go dtí go mbeidh cód LEI ann.
C0181	Cineál cóid athárachóra	An cód a úsáidtear sa mhír "Cód an athárachóra" a shainaithint. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 — LEI 2 — Cód sonrach
C0191	Réim ghnó le haghaidh oibleagáidí saoil	Sainaithint na réime gnó mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, arna tuairisciú. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 29 — Árachas sláinte 30 — Árachas le comhroinnt brabúis 31 — árachas innéacsnasctha agus aonadnasctha 32 — Árachas saoil eile 33 — Blianachtaí ag eascairt as conarthaí árachais neamhshaoil agus a bhaineann le hoibleagáidí árachais sláinte 34 — Blianachtaí ag eascairt as conarthaí árachais neamhshaoil agus a bhaineann le hoibleagáidí árachais seachas oibleagáidí árachais sláinte 35 — Athárachas sláinte 36 — Athárachas saoil

	MÍR	TREORACHA
C0195	Léiriú ar bheith ar cheann den 20 neamhchosaint is mó	Léirigh cé acu atá nó nach bhfuil an neamhchosaint ar cheann den 20 neamhchosaint is mó de chuid an ghnóthais. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 – Tá sé ar cheann den 20 is mó 2 – Níl an réim ghnó ar cheann den 20 is mó
C0230	Sciar an athárachóra (%)	Céatadán an láithrithe roghnaigh arna ghlacadh ag an athárachóir, sloinnte mar dhearbhchéatadán den Mhéid faoi athárachas ar bhonn roghnach, le gach athárachóir, mar a thuairiscítear i gcolún C0310 de S.30.01 — Cumhdaigh roghnacha (i dtéarmaí neamhchosaint faoi athárachas) — Bunúsach. Déanfar an céatadán a thuairisciú mar dheachúil.
C0240	Airgeadra	Sainaithin cód aibítre ISO 4217 de chuid an airgeadra a úsáideadh agus an cumhdach roghnach á láithriú. Ní mór na méideanna uile a shloinneadh san airgeadra sin don chumhdach roghnach sonrach, mura gceanglaíonn an t-údarás maoirseachta náisiúnta a mhalairt. I gcás ina láithrítear an cumhdach roghnach in dhá airgeadra éagsúla, ansin ní mór an príomh-airgeadra a líonadh isteach.
C0250	Suim faoi athárachas le hathárachóir roghnach	An tsuim atá faoi athárachas ar bhonn roghnach leis an athárachóir.
C0260	Préimh athárachais ghéillte roghnach	Préimh athárachais bhliantúil nó scríofa chomhlán lena bhfuil coinne, arna géilleadh d'athárachóirí dá sciar.
C0270	Nótaí	Tuairiscí ar chásanna ina bhfuil rannpháirtíocht an athárachóra ag coinníollacha atá difriúil le coinníollacha an láithrithe roghnaigh nó conartha chaighdeánaigh, nó inar ann don rannpháirtíocht sin chun aon fhaisnéis eile nach mór don ghnóthas a chur in iúl don Mhaoirseoir a sholáthar.

Faisnéis maidir le hathárachóirí agus bróicéirí

C0280	Cód an athárachóra	Cód aitheantais an athárachóra san ord tosaíochta seo: — Aitheantóir an Eintitis Dhlítheanaigh (LEI); — Cód sonrach atá sannta ag an ngnóthas I gcás ina mbeidh cód sonrach sannta ag an ngnóthas, beidh an cód sin uathúil don athárachóir sonrach sin agus ní bheidh forluí idir sin agus aon chód eile atá sannta ag an ngnóthas ná aon chód LEI. I gcás ina bhfuil cód ann cheana féin (e.g. aitheantóir náisiúnta), úsáidfear an cód céanna leis an aitheantóir sin agus coimeádfar é go comhsheasmhach le himeacht ama go dtí go mbeidh cód LEI ann.
C0290	Cineál cóid athárachóra	An cód a úsáidtear sa mhír "Cód an athárachóra" a shainaithint. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 — LEI 2 — Cód sonrach
C0300	Ainm dlíthiúil an athárachóra	Ainm dlíthiúil an athárachóra chuig ar aistríodh an riosca frithgheallta. Sonraítear ainm oifigiúil an athárachóra a iompraíonn an riosca sa chonradh athárachais. Ní cheadaítear ainm bróicéra athárachais a líonadh isteach. Ní cheadaítear ainm ginearálta ná ainm neamhiomlán a shonrú ach oiread, ós rud é go bhfuil cuideachtaí oibriúcháin éagsúla ag athárachóirí idirnáisiúnta a d'fhéadfadh bheith lonnaithe i dtíortha éagsúla. I gcás socruithe comhthiomsaithe, ní fhéadtar ainm an Chomhthiomsaithe (nó ainm bhainisteoir an chomhthiomsaithe) a líonadh isteach ach amháin i gcás inar eintiteas dlítheanach é an Comhthiomsú.

	MÍR	TREORACHA
C0310	An cineál athárachóra	An cineál athárachóra chuig ar aistríodh an riosca frithgheallta. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 — Árachóir Saoil díreach 2 — Árachóir Neamhshaoil díreach 3 — Árachóir Ilchodach díreach 4 — Gnóthas árachais faoi gchuing 5 — Athárachóir inmheánach (gnóthas athárachais a dhíríonn go príomha ar riosca a thógáil ó ghnóthais árachais eile laistigh den ghrúpa) 6 — Athárachóir seachtrach (gnóthas athárachais a thógann rioscaí ó ghnóthais seachas gnóthais árachais laistigh den ghrúpa) 7 — Gnóthas athárachais faoi gchuing 8 — Meán Sainchuspóireach 9 — Eintiteas comhthiomsaithe (i gcás ina bhfuil níos mó ná aon ghnóthas árachais nó athárachais amháin i gceist) 10 — Comhthiomsú Stáit
C0320	An tír chónaithe	Sainaithin cód ISO 3166-1 alfa-2 na tíre ina bhfuil an t-athárachóir údaraithe/ceadúnaithe go dlíthiúil.
C0330	Measúnú creidmheasa seachtrach ag IMCS ainmnithe	Rátáil an athárachóra ar an dáta tagartha maidir le tuairisciú arna soláthar ag an institiúid ainmnithe um measúnú creidmheasa seachtrach (IMCS). Fágfar an mhír folamh mura bhfuil an rátáil ar fáil.
C0340	Institiúid ainmnithe um measúnú creidmheasa seachtrach	Sainaithin an institiúid um measúnú creidmheasa seachtrach (IMCS) a thugann an rátáil sheachtrach in C0330, ach ainm IMCS mar atá sé foilsithe ar shuíomh gréasáin ESMA a úsáid. I gcás rátálacha arna n-eisiúint ag fochuideachtaí de IMCS, tuairiscigh máthairchuideachta IMCS (déantar an tagairt do liosta ESMA de ghníomhaireachtaí rátála creidmheasa atá cláraithe nó deimhnithe i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le gníomhaireachtaí rátála creidmheasa). Tuairisceofar an mhír sin nuair a thuairiscítear Rátáil sheachtrach (C0330).
C0350	Céim cáilíochta creidmheasa	Sainaithin an chéim cáilíochta creidmheasa atá sannta don athárachóir. Léireofar sa chéim cáilíochta creidmheasa aon athchoigeartú ar an gcáilíocht chreidmheasa arna dhéanamh go hinmheánach ag na gnóthais ina n-úsáidtear an fhoirmle chaighdeánach. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 0 – Céim cáilíochta creidmheasa 0 1 – Céim cáilíochta creidmheasa 1 2 – Céim cáilíochta creidmheasa 2 3 — Céim cáilíochta creidmheasa 3 4 – Céim cáilíochta creidmheasa 4 5 – Céim cáilíochta creidmheasa 5 6 – Céim cáilíochta creidmheasa 6 9 — Níl rátáil ar fáil

	MÍR	TREORACHA
C0360	Rátáil inmheánach	Rátáil inmheánach an athárachóra le haghaidh gnóthais a úsáideann samhail inmheánach a mhéid a úsáidtear na rátálacha inmheánacha ina samhaltú inmheánach. Ní thuairisceofar an mhír seo i gcás nach bhfuil ach rátálacha seachtracha agus sin amháin in úsáid ag gnóthas a úsáideann samhail inmheánach.

S.30.03 — Bunsonraí Cláir Athárachais Amach

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh eintitis aonair.

Tá an teimpléad seo ábhartha maidir le gnóthais árachais agus athárachais a bhfuil clár athárachais agus/nó aisghéillte amach acu, lena n-áirítear aon chumhdach arna chur ar fáil ag socruithe comhthiomsaithe athárachais le tacaíocht ón Stát, gan cumhdaigh roghnacha san áireamh.

Líonfar isteach an teimpléad seo ag an ngnóthas árachais agus athárachais atá ag aistriú riosca frithgheallta chuig na hathárachóirí trí chonradh athárachais a bhfuil an chéad bhliain tuairiscithe eile san áireamh ina thréimhse bailíochta nó ag forluí a thréimhse bailíochta, agus a bhfuiltear ar an eolas faoi agus an teimpléad á líonadh isteach. Má thagann athrú ábhartha ar an straitéis athárachais i ndiaidh an dáta sin nó má dhéantar athnuachan na gconarthaí athárachais níos déanaí ná an dáta tuairiscithe agus roimh an 1 Eanáir seo chugainn, cuirfear an fhaisnéis sa teimpléad seo ar aghaidh arís nuair a bheidh sí leordhóthanach.

Níor cheart an teimpléad seo a thuairisciú ach amháin i gcás ina bhfuil na méideanna in-aisghabhála ón athárachas níos airde ná 10 % den Mheastachán is Fearr arna ríomh ar leithligh le haghaidh gníomhaíocht saoil agus neamhshaoil.

	MÍR	TREORACHA
C0010	Cód cláir athárachais	Cód uathúil (a bhaineann go sonrach le gnóthas) lena gcumhdaítear na láithrithe agus/nó conarthaí athárachais aonair ar fad a bhaineann leis an gclár athárachais céanna.
C0020	Cód aitheantais conartha	Cód aitheantais conartha lena sainaithnítear an conradh go heisiach agus nach mór é a choimeád i dtuarascálacha ina dhiaidh sin, arb í an uimhir chonartha bhunaidh arna clárú i leabhair na cuideachta í de ghnáth.
C0030	Uimhir fhorchéimnitheach na roinne sa chonradh	An uimhir fhorchéimnitheach roinne a shann an gnóthas do ranna éagsúla an chonartha, sna cásanna sin ina gcumhdaíonn an conradh, mar shampla, níos mó ná aon réim ghnó amháin, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, nó ina gcumhdaíonn sé réimeanna gníomhaíochta éagsúla a bhfuil teorainneacha éagsúla acu. Meastar gur conarthaí éagsúla iad conarthaí a bhfuil coinníollacha éagsúla acu maidir le faisnéis a chur isteach agus tuairisceofar iad i ranna éagsúla. Le haghaidh réimeanna gnó éagsúla arna gcumhdach faoin gconradh céanna, tabharfar mionsonraí ar leithligh faoi gach uimhir roinne maidir leis na coinníollacha a thagraíonn do gach réim ghnó. Conarthaí éagsúla a chumhdaíonn cineálacha éagsúla athárachais (e.g. roinn amháin ar bhonn sciar den chuóta agus roinn eile ar XL) sa chonradh céanna, tuairisceofar iad i ranna éagsúla. Conarthaí éagsúla a chumhdaíonn sraitheanna éagsúla den chlár céanna, tuairisceofar iad i ranna éagsúla.
C0040	Uimhir fhorchéimnitheach an bharrachais/na sraithe i gclár	Uimhir fhorchéimnitheach an bharrachais/na sraithe, nuair is cuid de chlár níos leithne é an conradh.
C0050	Cainníocht an bharrachais/na sraitheanna i gclár	An líon iomlán barrachas nó sraitheanna sa chlár céanna lena n-áirítear an conradh atá á thuairisciú.
C0060	Athárachas finideach nó socruithe comhchosúla	An conradh athárachais a shainaithint. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 — Athárachas neamhthraidisiúnta nó finideach (i gcás aon chonradh athárachais nó ionstraim airgeadais nach bhfuil bunaithe go díreach ar phrionsabal na slánaíochta nó atá bunaithe ar fhoclaíocht chonartha a bhfuil sásra aistrithe riosca teoranta aige nó nach bhfuil sásra aistrithe riosca follasach aige)

	MÍR	TREORACHA
		2 — Seachas athárachas neamhthraidisiúnta nó finideach I gcás athárachais chríochta nó socrú comhchosúil, ní gá ach na míreanna is indéanta a líonadh isteach.
C0070	Réim ghnó	Sainaithint na réime gnó mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, arna tuairisciú. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 — Árachas maidir le caiteachas leighis 2 — Árachas cosanta ioncaim 3 — Árachas gortuithe tionsclaíocha 4 — Árachas dliteanais mótarfheithicle 5 — Árachas mótair eile 6 — Árachas muirí, eitlíochta agus iompair 7 — Árachas dóiteáin agus árachas le haghaidh damáiste eile do mhaoin 8 — Árachas dliteanais ghinearálta 9 — Árachas creidmheasa agus urraíochta 10 — Árachas maidir le costais dlí 11 — Cúnamh 12 — Caillteanas airgeadais ilghnéitheach 13 — Athárachas comhréireach caiteachais leighis 14 — Athárachas comhréireach cosanta ioncaim 15 — Athárachas comhréireach um ghortuithe tionsclaíocha 16 — Athárachas comhréireach um dhliteanas mótarfheithiclí 17 — Athárachas mótair comhréireach eile 18 — Athárachas comhréireach muirí, eitlíochta agus iompair 19 — Athárachas comhréireach dóiteáin agus le haghaidh damáiste eile do mhaoin 20 — Athárachas comhréireach dliteanais ghinearálta 21 — Athárachas comhréireach creidmheasa agus urraíochta 22 — Athárachas comhréireach costas dlí 23 — Athárachas comhréireach cúnaimh 24 — Athárachas comhréireach ilghnéitheach caillteanais airgeadais 25 — Athárachas sláinte neamhréireach 26 — Athárachas taisme neamhréireach 27 — Athárachas neamhréireach muirí, eitlíochta agus iompair 28 — Athárachas neamhréireach maoine 29 — Árachas sláinte 30 — Árachas le comhroinnt brabúis 31 — árachas innéacsnasctha agus aonadnasctha

	MÍR	TREORACHA
		32 — Árachas saoil eile 33 — Blianachtaí ag eascairt as conarthaí árachais neamhshaoil agus a bhaineann le hoibleagáidí árachais sláinte 34 — Blianachtaí ag eascairt as conarthaí árachais neamhshaoil agus a bhaineann le hoibleagáidí árachais seachas oibleagáidí árachais sláinte 35 — Athárachas sláinte 36 — Athárachas saoil 37 — Il-líne (mar a shainmhínítear anseo thíos) Barúlacha breise: 1) I gcás ina soláthraítear cumhdach le haghaidh níos mó ná aon réim ghnó amháin leis an gconradh athárachais, agus ina bhfuil difríocht idir na téarmaí cumhdaigh i measc réimeanna gnó, ansin is gá an conradh a shonrú thar rónna iomadúla. Is gá an chéad ró don chonradh a iontráil mar "Il-líne" lena dtugtar mionsonraí faoi théarmaí foriomlána an chonartha (amhail barrachais agus athshuíomhanna), agus mionsonraí faoi théarmaí aonair an chonartha athárachais maidir le gach réim ghnó ábhartha a thabhairt sna rónna ina dhiaidh sin. 2) I gcás nach bhfuil difríocht de réir réim ghnó i dtéarmaí an chumhdaigh, ní éilítear ach réim ghnó cheannasach Shócmhainneacht II (bunaithe ar an Ioncam Préimhe Conartha Measta Comhlán). 3) Féadtar conarthaí ilbhlianta ag a bhfuil coinníollacha seasta a shloinneadh leis na colúin a úsáidtear don tréimhse bhailíochta.
C0080	Catagóir riosca tuairisce chumhdaithe	Tuairisc ar phríomh-raon feidhme chumhdach an chonartha. Tagraítear dó sin ag an bpríomh-phunann arb í raon feidhme an chonartha í agus ar cuid den tuairisc ar an gconradh í de ghnáth (e.g. "maoin thionsclaíoch" nó "Dliteanas stiúrthóra agus oifigeach". Féadfaidh gnóthais tuairisc a chur san áireamh freisin lena dtagraítear don aonad gnó a ghlac an riosca sa chás gur lean coinníollacha éagsúla conartha as sin (e.g. "Lipéad dáilte A"). Baineann an tuairisc ar an gcatagóir riosca chumhdaithe go sonrach le heintiteas agus níl sé éigeantach. Níl an téarma "catagóir riosca" bunaithe ach an oiread ar théarmeolaíochtaí Leibhéal 1 agus 2 ach is féidir é a mheas mar fhéidearthacht bhreise chun faisnéis bhreise a thabhairt faoin riosca/faoi na rioscaí frithgheallta.
C0090	An cineál conartha athárachais	Cód an chineáil conartha athárachais. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta seo a leanas: 1 - sciar den chuóta 2 - sciar athraitheach den chuóta 3 - barrachas 4 - barrachas caillteanais (in aghaidh an teagmhais agus ina aghaidh an riosca) 5 - barrachas caillteanais (in aghaidh an riosca) 6 - barrachas caillteanais (in aghaidh an teagmhais) 7 — barrachas caillteanais "cúltaca" (cosaint in aghaidh teagmhas leantach inar féidir le tubaistí áirithe a bheith ina gcúis leo amhail tuilte nó dóiteán) 8 - barrachas caillteanais ag a bhfuil riosca boinn 9 - cumhdach athchuir

	MÍR	TREORACHA
		10 - barrachas comhiomlán caillteanais 11 - barrachas neamhtheoranta caillteanais 12 - stad le caillteanas 13 - conarthaí comhréireacha eile 14 - conarthaí neamhréireacha eile Is féidir Conarthaí comhréireacha eile (cód 13) agus Conarthaí neamhréireacha eile (cód 14) a úsáid le haghaidh cineálacha hibrideacha de chonarthaí athárachais.
C0100	Cumhdach athárachais tubaiste a chuimsiú	Cuimsiú ráthaíochtaí tubaiste a shainaithint. Ag brath ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na rioscaí tubaiste ar an liosta cosanta faoi gchumhdaigh athárachais, ní mór ceann amháin de na cóid a leanas, nó meascán díobh (le "," eatarthu), a úsáid: 1 — ní áirítear gach ráthaíocht tubaiste leis an gcumhdach 2 — cumhdaítear crith talún, brúchtadh bolcánach, tonn taoide, etc. 3 — cumhdaítear tuile 4 — cumhdaítear spéirling, stoirm ghaoithe, etc. 5 — cumhdaítear rioscaí eile amhail reo, clocha sneachta, gaoth láidir 6 — cumhdaítear sceimhlitheoireacht 7 — cumhdaítear SRCC (stailceanna, círéibeacha, clampar sibhialta), sabaitéireacht, éirí amach pobail 8 — cumhdaítear na rioscaí thuasluaite ar fad 9 — cumhdaítear rioscaí nach n-áirítear ar an liosta thuas ar shlí eile iad
C0110	Tréimhse bhailíochta (dáta tosaigh)	Sainaithin cód ISO 8601 (bbbb-mm-ll) de chuid dháta tosach feidhme an chonartha athárachais shonraigh.
C0120	Tréimhse bhailíochta (dáta éaga)	Sainaithin cód ISO 8601 (bbbb-mm-ll) de chuid dháta éaga deiridh an chonartha athárachais shonraigh. I gcás nach bhfuil aon athrú tagtha ar choinníollacha an chonartha faoin tráth atá an teimpléad á líonadh isteach agus nach mbaineann an gnóthas úsáid as an gclásal foirceanta, is é an chéad dáta éaga féideartha eile a bheidh sa dáta éaga.
C0130	Airgeadra	Sainaithin cód aibítre ISO 4217 an airgeadra a úsáideadh agus an conradh athárachais á láithriú. Ní mór na méideanna uile a shloinneadh san airgeadra sin don chumhdach sonrach, mura gceanglaíonn an t-údarás maoirseachta náisiúnta a mhalairt. I gcás ina láithrítear an conradh in dhá airgeadra éagsúla, ansin ní mór an príomh-airgeadra a líonadh isteach.
C0140	An cineál samhla frithgheallta	An cineál samhla frithgheallta a úsáidtear chun meastachán a thabhairt ar neamhchosaint an riosca frithgheallta agus an gá atá le cosaint athárachais. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Suim faoi árachas an méid is airde ar féidir a cheangal ar an árachóir é a íoc de réir an pholasaí bunaidh. Ní mór suim faoi árachas a líonadh isteach freisin i gcás nach infheidhme an cineál samhla frithgheallta

	MÍR	TREORACHA
		2 — Uasmhéid Féideartha Caillteanais caillteanas a d'fhéadfadh tarlú nuair a dhéantar na himthosca is mífhabhraí a chomhcheangal go heisceachtúil a bheag nó a mhór, ní stoptar an dóiteán ach amháin le bacainní dosháraithe nó easpa substainte. 3 — Uasmhéid Dóchúil Caillteanais arna shainmhíniú mar an meastachán den chaillteanas is mó ó dhóiteán aonair nó ó phriacal a mbeidh coinne leis, ag glacadh leis an lagú aonair is measa de phríomh-chórais cosanta dóiteáin phríobháideacha ach le córais nó le heagraíochtaí cosanta tánaisteacha (amhail eagraíochtaí éigeandála agus freagairt na roinne dóiteáin príobháidí agus/nó poiblí) atá ag feidhmiú mar atá beartaithe. Dálaí tubaisteacha cosúil le pléascáin a leanann as scaoileadh ollmhór gás inlasta, a bhféadfadh limistéir mhóra den ghléasra a bheith i gceist leo, madhmadh pléascán ollmhór, suaitheadh de chineálacha éagsúla seismice, toinn tuile nó tuile, aerárthaí saorthitime, agus coirloscadh arna dhéanamh i mbreis agus limistéar amháin, tá siad eisiata sa mheastachán seo. Is foirm hibrideach é an sainmhíniú sin idir Uasmhéid Féideartha Caillteanais agus Uasmhéid Measta Caillteanais a nglactar leis go ginearálta agus a úsáideann árachóirí, athárachóirí agus bróicéirí athárachais go minic 4 — Uasmhéid Measta Caillteanais caillteanas a d'fhéadfaí a sheasamh go réasúnta ó na teagmhais atá á meas, de thoradh teagmhais aonair a mheastar atá dóchúil ag cur na bhfachtóirí uile is dóigh a mhéadóidh nó a laghdóidh méid an chaillteanais san áireamh, ach comhtharlúintí agus tubaistí a d'fhéadfadh tarlú ach nach dóigh a tharlóidh á n-eisiamh. 5 — Eile samhlacha féideartha frithgheallta eile a úsáidtear. Ní mór an cineál samhla frithgheallta "eile" a chuirtear i bhfeidhm a mhíniú sa Tuarascáil Mhaoirseachta Thráthrialta. Cé go n-úsáidtear na sainmhínithe thuas le haghaidh na réime gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, "Árachas agus athárachas dóiteáin agus athárachas le haghaidh damáiste eile do mhaoin", d'fhéadfadh sainmhínithe cosúla a bheith i bhfeidhm le haghaidh réimeanna gnó eile.
C0150	Ioncam Measta ón bPréimh Ábhair (XL — ESPI)	Méid an ioncaim mheasta ón bpréimh ábhair ("ESPI") a bhaineann le tréimhse an chonartha. Méid na préimhe a thagraíonn don phunann arna cosaint faoi gchonarthaí Barrachas Caillteanais, de ghnáth; in aon cás, is é an méid ar a ríomhtar an phréimh athárachais tríd an ráta a chur i bhfeidhm. Ní thuairiscítear an mhír seo ach amháin le haghaidh conarthaí XL.
C0160	Ioncam Measta Comhlán ó Phréimh Chonartha (comhréireach agus neamhréireach)	Méid préimhe le haghaidh 100 % den chonradh a bhaineann le tréimhse an chonartha. Tá an méid coibhéiseach leis an bpréimh athárachais 100 % le híoc le gach athárachóir le haghaidh thréimhse an chonartha, lena n-áirítear an phréimh a chomhfhreagraíonn do scaireanna neamhláithrithe.
C0170	Barrachais chomhiomlána (méid)	Méid an tsaincheadúnais, rud a chiallaíonn coinneáil bhreise nuair nach gcumhdaítear caillteanais ag an athárachóir ach amháin nuair a tharla méid áirithe caillteanas carnach. Ní thuairiscítear an mhír seo, nuair is infheidhme, ach amháin i gcás nach dtuairiscítear mír C0180.

	MÍR	TREORACHA
C0180	Barrachais chomhiomlána (%)	Céatadán an tsaincheadúnais, rud a chiallaíonn coinneáil bhreise nuair nach gcumhdaítear caillteanais ag an athárachóir ach amháin nuair a tharla méid áirithe caillteanas carnach. Ní thuairiscítear an mhír seo, nuair is infheidhme, ach amháin i gcás nach dtuairiscítear mír C0170. Déanfar an céatadán a thuairisciú mar dheachúil.
C0190	Coinneáil nó tosaíocht (méid)	An méid, le haghaidh chonarthaí Barrachais, Oibre XL agus Tubaiste XL, a luaitear mar choinneáil nó tosaíocht sa chonradh athárachais. Tabharfar léiriú ar leithligh le haghaidh na réimeanna gnó éagsúla, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
C0200	Coinneáil nó tosaíocht (%)	An céatadán, le haghaidh conarthaí Sciar Cuóta agus Stad le Caillteanas, a luaitear mar choinneáil nó tosaíocht sa chonradh athárachais. Tabharfar léiriú ar leithligh le haghaidh na réimeanna gnó éagsúla, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35. Déanfar an céatadán a thuairisciú mar dheachúil.
C0210	Teorainn (méid)	An méid a luaitear mar Theorainn sa chonradh athárachais. Tabharfar léiriú ar leithligh le haghaidh na réimeanna gnó éagsúla, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35. I gcás cumhdach neamhtheoranta, tá "– 1" le tuairisciú.
C0220	Teorainn (%)	An céatadán, le haghaidh conarthaí Stad le Caillteanas, a luaitear mar Theorainn sa chonradh athárachais. Tabharfar léiriú ar leithligh le haghaidh na réimeanna gnó éagsúla, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35. I gcás cumhdach neamhtheoranta, tá "– 1" le tuairisciú. Déanfar an céatadán a thuairisciú mar dheachúil.
C0230	Cumhdach uasta in aghaidh an riosca nó an teagmhais	Méid an uaschumhdaigh in aghaidh an riosca nó an teagmhais. I gcás Sciar Cuóta nó Barrachais inar comhaontaíodh uasmhéid le haghaidh teagmhais (stoirm gaoithe, mar shampla), tá an méid 100 % le tuairisciú. I ngach cás eile, tá an méid comhionann leis an Teorainn lúide Tosaíocht. I gcás cumhdach neamhtheoranta, tá "– 1" le tuairisciú.
C0240	Uaschumhdach in aghaidh an chonartha	Méid an uaschumhdaigh in aghaidh an chonartha. Má tá uasmhéid socraithe le haghaidh an chonartha ar fad, i gcás Sciar Cuóta nó Barrachais, tá an méid 100 % le tuairisciú. I gcás cumhdach neamhtheoranta, tá "– 1" le tuairisciú. Maidir le conarthaí XL nó SL, ní mór an inniúlacht tosaigh a léiriú (e.g. teorainneacha comhiomlána bliantúla); d'fhéadfadh an cumhdach iomlán a bheith mar thoradh ar an bhfaisnéis arna soláthar faoi gc0250 freisin.
C0245	Cumhdach sraithe arna cumhdach le hathárachas	Méid an uaschumhdaigh le haghaidh sraith chonartha. I gcás cumhdach neamhtheoranta, tá "– 1" le tuairisciú. Maidir le conarthaí XL nó SL, ní mór an inniúlacht tosaigh a léiriú (e.g. teorainneacha comhiomlána bliantúla). I gcás nach bhfuil ach sraith amháin sa chonradh, beidh an cheall seo cothrom le C0250.
C0250	An líon athshuíomhanna	An líon féidearthachtaí chun an cumhdach athárachais a aisghabháil.
C0260	Tuairisc ar athshuíomhanna	Tuairisc ar na hathshuíomhanna chun an cumhdach athárachais a aisghabháil. Samplaí d'ábhar féideartha den mhír seo is iad "2 ag 100 % móide 1 ag 150 %" nó "gach ceann saor in aisce"

	MÍR	TREORACHA
C0360	XL ráta 1	Tuairiscigh an ráta seasta nó ráta tosaigh de chóras ráta aistrithigh. Déanfar an céatadán a thuairisciú mar dheachúil. Ní thuairiscítear an mhír seo ach amháin le haghaidh conarthaí XL.
C0370	XL ráta 2	Tuairiscigh ráta uasta de chóras ráta aistrithigh. Déanfar an céatadán a thuairisciú mar dheachúil. Ní thuairiscítear an mhír seo ach amháin le haghaidh conarthaí XL.
C0380	Préimh XL chomhréidh	Léiriú ar cé acu atá an phréimh XL bunaithe ar phréimh chomhréidh nó nach bhfuil. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta seo a leanas: 1 — Préimh XL bunaithe ar phréimh chomhréidh 2 — Préimh XL nach bhfuil bunaithe ar phréimh chomhréidh Ní thuairiscítear an mhír seo ach amháin le haghaidh conarthaí XL.
C0390	Coimisiún ar scála aistritheach	Léirigh cé acu an úsáidtear coimisiún ar scála aistritheach nó nach n-úsáidtear: Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – Úsáidfear; 2 – Ní úsáidfear.
C0400	Cóimheas íosta éileamh ar a mbraitheann méid an choimisiúin ar scála aistritheach	Cuir an cóimheas íosta éileamh san áireamh mar chéatadán ar a mbraitheann méid an choimisiúin ar scála aistritheach.
C0410	Cóimheas uasta éileamh ar a mbraitheann méid an choimisiúin ar scála aistritheach	Cuir an cóimheas uasta éileamh san áireamh mar chéatadán ar a mbraitheann méid an choimisiúin ar scála aistritheach.
C0420	Coimisiún íosta	Cuir an coimisiún íosta san áireamh mar chéatadán.
C0430	Coimisiún uasta	Cuir an coimisiún uasta san áireamh mar chéatadán.
C0440	Coimisiún a bhfuil coinne leis	Cuir an coimisiún go bhfuil coinne leis san áireamh mar chéatadán.

S.30.04 — Sonraí scaireanna Cláir Athárachais Amach

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh eintitis aonair.

Tá an teimpléad seo ábhartha do ghnóthais árachais agus athárachais a bhfuil clár athárachais agus/nó aisghéillte amach acu, lena n-áirítear aon chumhdach arna chur ar fáil ag socruithe comhthiomsaithe athárachais le tacaíocht ón Stát, gan cumhdaigh roghnacha san áireamh.

Líonfar isteach an teimpléad seo ag an ngnóthas árachais agus athárachais atá ag aistriú riosca frithgheallta chuig na hathárachóirí trí chonradh athárachais a bhfuil an chéad bhliain tuairiscithe eile san áireamh ina thréimhse bailíochta nó ag forluí a thréimhse bailíochta, agus a bhfuiltear ar an eolas faoi agus an teimpléad á líonadh isteach. Má thagann athrú ábhartha ar an straitéis athárachais i ndiaidh an dáta sin nó má dhéantar athnuachan na gconarthaí athárachais níos déanaí ná an dáta tuairiscithe agus roimh an 1 Eanáir seo chugainn, cuirfear an fhaisnéis sa teimpléad seo ar aghaidh arís nuair a bheidh sí leordhóthanach.

Níor cheart an teimpléad seo a thuairisciú ach amháin i gcás ina bhfuil na méideanna in-aisghabhála ón athárachas níos airde ná 10 % den Mheastachán is Fearr arna ríomh ar leithligh le haghaidh gníomhaíocht saoil agus neamhshaoil.

	MÍR	TREORACHA
C0010	Cód cláir athárachais	Cód uathúil (a bhaineann go sonrach le gnóthas) lena gcumhdaítear na láithrithe agus/nó conarthaí athárachais aonair ar fad a bhaineann leis an gclár athárachais céanna.
C0020	Cód aitheantais conartha	Cód aitheantais conartha lena sainaithnítear é go heisiach agus nach mór é a choimeád i dtuarascálacha ina dhiaidh sin, arb í an uimhir chonartha bhunaidh arna clárú i leabhair na cuideachta í de ghnáth.
C0030	Uimhir fhorchéimnitheach na roinne sa chonradh	An uimhir fhorchéimnitheach roinne a shann an gnóthas do ranna éagsúla an chonartha, sna cásanna sin ina gcumhdaíonn an conradh, mar shampla, níos mó ná aon réim ghnó amháin, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, nó ina gcumhdaíonn sé réimeanna gníomhaíochta éagsúla a bhfuil teorainneacha éagsúla acu. Meastar gur conarthaí éagsúla iad conarthaí a bhfuil coinníollacha éagsúla acu maidir le faisnéis a chur isteach agus tuairisceofar iad i ranna éagsúla. Le haghaidh réimeanna gnó éagsúla arna gcumhdach faoin gconradh céanna, tabharfar mionsonraí ar leithligh faoi gach uimhir roinne maidir leis na coinníollacha a thagraíonn do gach réim ghnó. Conarthaí éagsúla a chumhdaíonn cineálacha éagsúla athárachais (e.g. roinn amháin ar bhonn sciar den chuóta agus roinn eile ar XL) sa chonradh céanna, tuairisceofar iad i ranna éagsúla. Conarthaí éagsúla a chumhdaíonn sraitheanna éagsúla den chlár céanna, tuairisceofar iad i ranna éagsúla.
C0040	Uimhir fhorchéimnitheach an bharrachais/na sraithe i gclár	Uimhir fhorchéimnitheach an bharrachais/na sraithe, nuair is cuid de chlár níos leithne é an conradh.
C0050	Cód an athárachóra	Cód aitheantais an athárachóra san ord tosaíochta seo: — Aitheantóir an Eintitis Dhlítheanaigh (LEI); — Cód sonrach atá sannta ag an ngnóthas I gcás ina mbeidh cód sonrach sannta ag an ngnóthas, beidh an cód sin uathúil don athárachóir sonrach sin agus ní bheidh forluí idir sin agus aon chód eile atá sannta ag an ngnóthas ná aon chód LEI.
C0060	Cineál cóid athárachóra	An cód a úsáidtear sa mhír "Cód an athárachóra" a shainaithint. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — LEI 2 — Cód sonrach
C0100	Sciar an athárachóra (%)	Céatadán den chonradh athárachais arna ghlacadh ag an athárachóir arna sainaithint i mír C0050, arna shloinneadh mar chéatadán den láithriú conartha. Tuairisceofar céatadáin mar dheachúil.
C0110	Neamhchosaint géillte le haghaidh sciar an athárachóra	Méid na neamhchosanta curtha faoi athárachas leis an athárachóir. Bunaítear an méid ar an gcumhdach uasta in aghaidh an riosca/teagmhais agus ríomhtar é leis an bhfoirmle: Mír Cumhdach uasta in aghaidh an riosca nó an teagmhais (arna thuairisciú i mír C0230 de S.30.03) x Mír Sciar athárachóra (%) (arna thuairisciú i mír C0100 de S.30.04). Má tá C0230 ó S.30.03 Neamhtheoranta, líon an cheall seo le "– 1".
C0120	Cineál comhthaobhachta (más infheidhme)	Cineál comhthaobhachta arna sealbhú. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 — Airgead tirim nó a choibhéis arna shealbhú ar Iontaoibh 2 — Airgead tirim nó a choibhéis arna Choinneáil Siar

	MÍR	TREORACHA
		3 - Litir Chreidmheasa 4 – Eile 5 — Dada
C0130	Tuairisc ar theorainn an athárachóra comhthaobhaithe	Tuairisc ar theorainn an athárachóra comhthaobhaithe agus tagairt á déanamh don mhír shonrach arna sonrú sa chonradh (e.g. 90 % de na forálacha teicniúla nó 90 % de na préimheanna), más infheidhme.
C0140	Cód sholáthraí na comhthaobhachta (más infheidhme)	Cód aitheantais agus úsáid á baint as an Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI), má tá sé ar fáil. Ní dhéanfar tuairisciú ar an mír seo mura bhfuil LEI ar fáil.
C0150	Cineál cóid soláthraí comhthaobhachta	An cód a úsáidtear sa mhír "Cód sholáthraí na comhthaobhachta" (más infheidhme)" a shainaithint: 1 — LEI 9 — Dada
C0160	Préimh athárachais amach mheasta le haghaidh sciar an athárachóra	Préimh athárachais chomhlán mheasta an chonartha, le híoc ag an ngnóthas, de réir na chéad bhliana tuairiscithe eile (N+1) le haghaidh sciar gach athárachóra. Ríomhtar an méid seo de réir na samplaí a leanas: Cás 1: Le haghaidh Sciar Cuóta agus Barrachais; an sciar arna thuairisciú sa mhír Sciar Athárachóra (C0100) iolraithe faoin mír Ioncam Measta Comhlán ó Phréimh Chonartha (C0160) arna thuairisciú in S.30.03; Cás 2: Le haghaidh chonarthaí XL i gcás ina bhfuil an conradh faoi réir ráta seasta; an ráta arna thuairisciú i mír XL ráta 1 (C0360) mar a thuairiscítear in S.30.03 iolraithe faoin mír Ioncam Measta ón bPréimh Ábhair (C0150) mar a thuairiscítear in S.30.03 iolraithe faoin sciar arna thuairisciú sa mhír Sciar an Athárachóra (C0100). Cás 3: Le haghaidh chonarthaí XL i gcás ina bhfuil an conradh faoi réir ráta aistritheach; an ráta arna thuairisciú i mír XL ráta 2 (C0370) mar a thuairiscítear in S.30.03 iolraithe faoin mír Ioncam Measta ón bPréimh Ábhair (C0150) mar a thuairiscítear in S.30.03 iolraithe faoin sciar arna thuairisciú sa mhír Sciar an Athárachóra (C0100).
C0170	Nótaí	Tuairiscí ar chásanna ina bhfuil rannpháirtíocht an athárachóra ag coinníollacha atá difriúil le coinníollacha an láithrithe roghnaigh nó conartha chaighdeánaigh, nó inar ann don rannpháirtíocht sin chun aon fhaisnéis eile nach mór don ghnóthas a chur in iúl don Údarás Maoirseachta a sholáthar.
Faisnéis maidir le hathárachóirí agus bróicéirí		
C0180	Cód an athárachóra	Cód aitheantais an athárachóra san ord tosaíochta seo: — Aitheantóir an Eintitis Dhlítheanaigh (LEI); — Cód sonrach atá sannta ag an ngnóthas I gcás ina mbeidh cód sonrach sannta ag an ngnóthas, beidh an cód sin uathúil don athárachóir sonrach sin agus ní bheidh forluí idir sin agus aon chód eile atá sannta ag an ngnóthas ná aon chód LEI.

	MÍR	TREORACHA
C0190	Cineál cóid athárachóra	An cód a úsáidtear sa mhír "Cód an athárachóra" a shainaithint. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — LEI 2 — Cód sonrach
C0200	Ainm dlíthiúil an athárachóra	Ainm dlíthiúil an athárachóra chuig ar aistríodh an riosca frithgheallta. Sonraítear ainm oifigiúil an athárachóra a iompraíonn an riosca sa chonradh athárachais. Ní cheadaítear ainm bróicéra athárachais a líonadh isteach. Ní cheadaítear ainm ginearálta ná ainm neamhiomlán a shonrú ach oiread, ós rud é go bhfuil cuideachtaí oibriúcháin éagsúla ag athárachóirí idirnáisiúnta a d'fhéadfadh bheith lonnaithe i dtíortha éagsúla. I gcás socruithe comhthiomsaithe, ní fhéadtar ainm an Chomhthiomsaithe (nó ainm bhainisteoir an Chomhthiomsaithe) a líonadh isteach ach amháin i gcás inar eintiteas dlítheanach é an Comhthiomsú.
C0210	An cineál athárachóra	An cineál athárachóra chuig ar aistríodh an riosca frithgheallta. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 — Árachóir Saoil díreach 2 — Árachóir Neamhshaoil díreach 3 — Árachóir Ilchodach díreach 4 — Gnóthas árachais faoi gchuing 5 — Athárachóir inmheánach (gnóthas athárachais a dhíríonn go príomha ar riosca a thógáil ó ghnóthais árachais eile laistigh den ghrúpa) 6 — Athárachóir seachtrach (gnóthas athárachais a thógann rioscaí ó ghnóthais seachas gnóthais árachais laistigh den ghrúpa) 7 — Gnóthas athárachais faoi gchuing 8 — Meán Sainchuspóireach 9 — Eintiteas comhthiomsaithe (i gcás ina bhfuil níos mó ná aon ghnóthas árachais nó athárachais amháin i gceist) 10 — Comhthiomsú Stáit
C0220	An tír chónaithe	Sainaithin cód ISO 3166-1 alfa-2 na tíre ina bhfuil an t-athárachóir údaraithe/ceadúnaithe go dlíthiúil.
C0230	Measúnú creidmheasa seachtrach ag IMCS ainmnithe	Rátáil an athárachóra ar an dáta tagartha maidir le tuairisciú arna soláthar ag an institiúid ainmnithe um measúnú creidmheasa seachtrach (IMCS). Fágfar an mhír folamh mura bhfuil an rátáil ar fáil. Níl an mhír seo infheidhme maidir le hathárachóirí a mbíonn rátálacha inmheánacha in úsáid ina leith ag gnóthais a úsáideann samhail inmheánach. Más rud nach é mbíonn rátáil inmheánach in úsáid ag gnóthais a úsáideann samhail inmheánach, tuairisceofar an mhír seo.
C0240	Institiúid ainmnithe um measúnú creidmheasa seachtrach	Sainaithin an institiúid um measúnú creidmheasa seachtrach (IMCS) a thugann an rátáil sheachtrach in C0230, ach ainm IMCS mar atá sé foilsithe ar shuíomh gréasáin ESMA a úsáid. I gcás rátálacha arna n-eisiúint ag fochuideachtaí de IMCS, tuairiscigh máthairchuideachta IMCS (déantar an tagairt do liosta ESMA de ghníomhaireachtaí rátála creidmheasa atá cláraithe nó deimhnithe i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le gníomhaireachtaí rátála creidmheasa).
C0250	Céim cáilíochta creidmheasa	Sainaithin an chéim cáilíochta creidmheasa atá sannta don athárachóir. Léireofar sa chéim cáilíochta creidmheasa aon athchoigeartú ar an gcáilíocht chreidmheasa arna dhéanamh go hinmheánach ag na gnóthais ina n-úsáidtear an fhoirmle chaighdeánach

	MÍR	TREORACHA
		Níl an mhír seo infheidhme maidir le hathárachóirí a mbíonn rátálacha inmheánacha in úsáid ina leith ag gnóthais a úsáideann samhail inmheánach. Más rud nach é mbíonn rátáil inmheánach in úsáid ag gnóthais a úsáideann samhail inmheánach, tuairisceofar an mhír seo. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 0 – Céim cáilíochta creidmheasa 0 1 – Céim cáilíochta creidmheasa 1 2 – Céim cáilíochta creidmheasa 2 3 — Céim cáilíochta creidmheasa 3 4 – Céim cáilíochta creidmheasa 4 5 – Céim cáilíochta creidmheasa 5 6 – Céim cáilíochta creidmheasa 6 9 — Níl rátáil ar fáil
C0260	Rátáil inmheánach	Rátáil inmheánach athárachóirí le haghaidh gnóthais a úsáideann samhail inmheánach a mhéid a úsáidtear na rátálacha inmheánacha ina samhaltú inmheánach. Ní thuairisceofar an mhír seo i gcás nach bhfuil ach rátálacha seachtracha agus sin amháin in úsáid ag gnóthas a úsáideann samhail inmheánach.
C0320	Ainm sholáthraí na comhthaobhachta	Braithfidh ainm sholáthraí na comhthaobhachta ar an gcineál comhthaobhachta a shonraítear in C0120. — I gcás ina bhfuil comhthaobhacht á sealbhú in iontaobhas is é soláthraí an Iontaobhais a bheidh i soláthraí na comhthaobhachta. — I gcás ina bhfuil an chomhthaobhacht ar bhonn Airgead tirim nó Cistí arna gCoinneáil Siar, féadfar an cheall seo a fhágáil folamh. — I gcás inar Litreacha Creidmheasa atá sa chomhthaobhacht, is í an Institiúid Airgeadais fholuiteach a chuireann an tsaoráid seo ar fáil. — I gcás inar Eile atá i gceist, ní thuairiscítear é ach amháin más infheidhme.

S.31.01 — Sciar athárachóirí (lena n-áirítear Athárachas Finideach agus MSCanna)

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh eintitis aonair.

Is iad na gnóthais árachais agus athárachais a chomhlánóidh an teimpléad seo i gcás ina mbeidh méid in-aisghabhála sainaitheanta i ndáil leis an athárachóir (fiú amháin i gcás ina bhfuil gach conradh leis an athárachóir sin foirceanta).

Bailítear faisnéis faoi athárachóirí agus ní faoi gchonarthaí ar leithligh sa teimpléad. Ní mór na forálacha teicniúla géillte uile a thabhairt chun críche, lena n-áirítear na forálacha teicniúla sin a géilleadh faoi athárachas Finideach (mar a shainmhínítear in S.30.03 Colún C0060). Ciallaíonn sin freisin, i gcás ina bhfeidhmíonn MSC nó sindeacáit de chuid Lloyd mar athárachóir, nach mór an MSC nó an tsindeacáit sin a liostú.

	ÍTIM	TREORACHA
C0040	Cód an athárachóra	Cód aitheantais an athárachóra san ord tosaíochta seo: — Aitheantóir an Eintitis Dhlítheanaigh (LEI); — Cód sonrach atá sannta ag an ngnóthas
C0050	Cineál cóid Athárachóra	An cód a úsáidtear sa mhír “Cód an athárachóra” a shainaithint. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 — LEI 2 — Cód sonrach

	ÍTIM	TREORACHA
C0060	Méideanna in-aisghabhála ón athárachas — Foráil phréimhe Neamhshaoil lena n-áirítear Sláinte Neamh-SLT	Méid de sciar an athárachóra sna méideanna in-aisghabhála ó athárachas (lena n-áirítear Finideach agus MSC) roimh an gcoigeartú i leith caillteanais a bhfuil coinne leo i ngeall ar mhainneachtain contrapháirtí, sa mheastachán is fearr ar na forálacha préimhe arna ríomh mar luach láithreach lena bhfuil coinne de shreabhadh airgid isteach agus amach sa todhchaí.
C0070	Méideanna in-aisghabhála ón athárachas — Forálacha Éileamh Neamhshaoil lena n-áirítear Sláinte Neamh-SLT	Méid de sciar an athárachóra sna méideanna in-aisghabhála ó athárachas (lena n-áirítear Finideach agus MSC) roimh an gcoigeartú i leith caillteanais a bhfuil coinne leo i ngeall ar mhainneachtain contrapháirtí, sa mheastachán is fearr ar na forálacha éileamh.
C0080	Méideanna in-aisghabhála ón athárachas – Forálacha teicniúla Saoil, lena n-áirítear Sláinte SLT	Méid de sciar an athárachóra sna méideanna in-aisghabhála ó athárachas (lena n-áirítear Finideach agus MSC) roimh an gcoigeartú i leith caillteanais a bhfuil coinne leo i ngeall ar mhainneachtain contrapháirtí, sa mheastachán is fearr ar na forálacha teicniúla.
C0090	Coigeartú i leith caillteanais a bhfuil coinne leo i ngeall ar mhainneachtain contrapháirtí	In aghaidh an athárachóra, an coigeartú i leith caillteanais a bhfuil coinne leo i ngeall ar mhainneachtain contrapháirtí. Ríomhfar an coigeartú ar leithligh agus ní mór dó a bheith i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35. Tuairisceofar méid sin mar luach diúltach.
C0100	Méideanna in-aisghabhála ón athárachas: Méideanna in-aisghabhála iomlána ón athárachas	Toradh forálacha teicniúla géillte (a leanann as foráil éileamh + foráil préimheanna + Forálacha Teicniúla Neamhshaoil arna ríomh ina n-iomláine agus Saoil lena n-áirítear SLT sláinte), lena n-áirítear an coigeartú i leith caillteanais a bhfuil coinne leo i ngeall ar mhainneachtain contrapháirtí.
C0110	Glanearraí infhaighte	Na méideanna thar téarma a leanann as: éilimh arna n-íoc ag an árachóir ach nach bhfuil aisíoctha go fóill ag an athárachóir móide coimisiúin atá le híoc ag an athárachóir agus earraí infhaighte eile lúide fiachais atá dlite don athárachóir. Eisiatar taiscí airgid thirim agus measfar mar ráthaíochtaí faighte iad.
C0120	Sócmhainní arna gcur i ngeall ag an athárachóir	An méid sócmhainní arna gcur i ngeall ag an athárachóir chun riosca mainneachtana contrapháirtí an athárachóra a mhaolú.
C0130	Ráthaíochtaí airgeadais	An méid ráthaíochtaí atá faighte ag an ngnóthas ón athárachóir chun íocaíocht na ndliteanas atá dlite ag an ngnóthas a ráthú (áirítear litir chreidmheasa, saoráidí iasachtaíochta geallta neamhtharraingthe).
C0140	Taiscí airgid thirim	An méid taiscí airgid thirim atá faighte ag an ngnóthas ó na hathárachóirí.
C0150	Iomlán na ráthaíochtaí atá faighte	Méid iomlán na gcineálacha ráthaíochtaí. Comhfhreagraíonn do shuim na méideanna a tuairiscíodh in C0120, C0130 agus C0140.
C0155	Airgeadra	I gcás inarb infheidhme, sainaithin cód aibítre ISO 4217 d'airgeadra na méideanna in-aisghabhála ón athárachas. Ní cheanglaítear miondealú de réir airgeadra ach amháin chun 90 % de na méideanna in-aisghabhála ón athárachas a chumhdach. Maidir leis an 10 % eile, féadtar é a ghrúpáil faoi "airgeadraí eile".
Faisnéis maidir le hathárachóirí		
C0160	Cód an athárachóra	Cód aitheantais an athárachóra san ord tosaíochta seo: — Aitheantóir an Eintitis Dhlítheanaigh (LEI); — Cód sonrach atá sannta ag an ngnóthas

	ÍTIM	TREORACHA
C0170	Cineál cóid Athárachóra	An cód a úsáidtear sa mhír “Cód an athárachóra” a shainaithint. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 — LEI 2 — Cód sonrach
C0180	Ainm dlíthiúil an athárachóra	Ainm dlíthiúil an athárachóra chuig ar aistríodh an riosca frithgheallta. Sonraítear ainm oifigiúil an athárachóra a iompraíonn an riosca sa chonradh athárachais. Ní cheadaítear ainm bróicéra athárachais a líonadh isteach. Ní cheadaítear ainm ginearálta ná ainm neamhiomlán a shonrú ach oiread, ós rud é go bhfuil cuideachtaí oibriúcháin éagsúla ag athárachóirí idirnáisiúnta a d’fhéadfadh bheith lonnaithe i dtíortha éagsúla. I gcás socruithe comhthiomsaithe, ní fhéadtar ainm an Chomhthiomsaithe (nó ainm bhainisteoir an Chomhthiomsaithe) a líonadh isteach ach amháin i gcás inar eintiteas dlítheanach é an Comhthiomsú.
C0190	An cineál athárachóra	An cineál athárachóra chuig ar aistríodh an riosca frithgheallta. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 — Árachóir Saoil díreach 2 — Árachóir Neamhshaoil díreach 3 — Árachóir Ilchodach díreach 4 — Gnóthas árachais faoi gchuing 5 — Athárachóir inmheánach (gnóthas athárachais a dhíríonn go príomha ar riosca a thógáil ó ghnóthais árachais eile laistigh den ghrúpa) 6 — Athárachóir seachtrach (gnóthas athárachais a thógann rioscaí ó ghnóthais seachas gnóthais árachais laistigh den ghrúpa) 7 — Gnóthas athárachais faoi gchuing 8 — Meán Sainchuspóireach 9 — Eintiteas comhthiomsaithe (i gcás ina bhfuil níos mó ná aon ghnóthas árachais nó athárachais amháin i gceist) 10 — Comhthiomsú Stáit
C0200	An tír chónaithe	Sainaithin cód ISO 3166-1 alfa-2 na tíre ina bhfuil an t-athárachóir údaraithe/ceadúnaithe go dlíthiúil.
C0210	Measúnú creidmheasa seachtrach ag IMCS ainmnithe	An rátáil iarbhír/atá ann faoi láthair atá á meas ag an ngnóthas. Mura bhfuil an rátáil ar fáil, fágfar an mhír folamh agus sainaithneofar an t-athárachóir mar “9 — gan rátáil ar fáil” i gcolún C0230 (Céim cáilíochta creidmheasa). Níl an mhír seo infheidhme maidir le hathárachóirí a mbíonn rátálacha inmheánacha in úsáid ina leith ag gnóthais a úsáideann samhail inmheánach. Más rud nach é mbíonn rátáil inmheánach in úsáid ag gnóthais a úsáideann samhail inmheánach, tuairisceofar an mhír seo.
C0220	Institiúid ainmnithe um measúnú creidmheasa seachtrach	Sainaithin an institiúid um measúnú creidmheasa seachtrach (IMCS) a thugann an rátáil sheachtrach in C0210, ach ainm an IMCS mar atá sé foilsithe ar shuíomh gréasáin ESMA a úsáid. I gcás rátálacha arna n-eisiúint ag fochuideachtaí de IMCS, tuairiscigh máthairchuideachta IMCS (déantar an tagairt do liosta ESMA de ghníomhaireachtaí rátála creidmheasa atá cláraithe nó deimhnithe i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le gníomhaireachtaí rátála creidmheasa). —

	ÍTIM	TREORACHA
C0230	Céim cáilíochta creidmheasa	Sainaithin an chéim cáilíochta creidmheasa atá sannta don athárachóir. Léireofar sa chéim cáilíochta creidmheasa aon athchoigeartú ar an gcáilíocht chreidmheasa arna dhéanamh go hinmheánach ag na gnóthais ina n-úsáidtear an fhoirmle chaighdeánach. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 0 – Céim cáilíochta creidmheasa 0 1 – Céim cáilíochta creidmheasa 1 2 – Céim cáilíochta creidmheasa 2 3 — Céim cáilíochta creidmheasa 3 4 – Céim cáilíochta creidmheasa 4 5 – Céim cáilíochta creidmheasa 5 6 – Céim cáilíochta creidmheasa 6 9 — Níl rátáil ar fáil
C0240	Rátáil inmheánach	Rátáil inmheánach an athárachóra le haghaidh gnóthais a úsáideann samhail inmheánach a mhéid a úsáidtear na rátálacha inmheánacha ina samhaltú inmheánach. Ní thuairisceofar an mhír seo i gcás nach bhfuil ach rátálacha seachtracha agus sin amháin in úsáid ag gnóthas a úsáideann samhail inmheánach.

S.31.02 — Meáin Shainchuspóireacha

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh eintitis aonair.

Tá an teimpléad seo ábhartha le haghaidh gach gnóthas árachais nó athárachais a aistríonn riosca(í) chuig Meán Sainchuspóireach (MSC), lena áirithiú go ndéantar nochtadh leordhóthanach i gcás ina n-úsáidtear MSCanna mar mhodhanna malartacha chun riosca a aistriú chuig conarthaí athárachais.

Baineann an teimpléad le húsáid na nithe seo a leanas:

a) MSCanna arna sainmhíniú faoi Airteagal 13(26) agus arna n-údarú faoi Airteagal 211(1) de Threoir 2009/138/CE;

b) MSCanna a chomhlíonann coinníollacha Airteagal 211(3) de Threoir 2009/138/CE;

c) MSCanna arna rialú ag maoirseoirí tríú tír i gcás ina gcomhlíonann siad sin bearta coibhéiseacha leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 211(2) de Threoir 2009/138/CE;

d) MSCanna eile, nach gcomhlíonann na coinníollacha thuas, i gcás ina n-aistrítear rioscaí faoi shocruithe le tábhacht eacnamaíoch chonradh athárachais.

Cumhdaítear sa teimpléad teicnící um maolú riosca (cibé an aithnítear nó nach n-aithnítear iad) arna ndéanamh ag an ngnóthas (ath)árachais lena nglacann MSC rioscaí ón ngnóthas tuairiscithe trí chonradh athárachais; nó lena nglacann MSC rioscaí árachais ón ngnóthas tuairiscithe arna n-aistriú trí shocrú comhchosúil atá "cosúil le hathárachas".

	MÍR	TREORACHA
C0030	Cód inmheánach MSC	Cód inmheánach curtha i leith MSC ag an ngnóthas san ord tosaíochta seo: — Aitheantóir an Eintitis Dhlítheanaigh (LEI); — Cód sonrach Beidh an cód sin uathúil i gcás gach MSC agus ní thiocfaidh aon athrú air sna tuarascálacha ina dhiaidh sin.

	MÍR	TREORACHA
C0040	Cód Aitheantais nótaí MSC nó sásra maoinithe eile a eisíodh	Le haghaidh na nótaí nó sásra maoinithe eile a d'eisigh MSC agus atá i seilbh an ghnóthais árachais agus athárachais, sainaithin an cód aitheantais seo san ord tosaíochta seo más ann dóibh: — ISO 6166 ISIN nuair a bhíonn sé ar fáil; — Cóid "aitheanta" eile (e.g.: CUSIP, Bloomberg Ticker, Reuters RIC); — Cód atá sannta ag an ngnóthas, nuair nach mbíonn na roghanna thuasluaite ar fáil, agus ní mór dó a bheith comhsheasmhach le himeacht ama.
C0050	Cód Aitheantais Cineál na nótaí MSC nó an tsásra maoinithe eile a eisíodh	Cineál Cóid Aitheantais a úsáidtear don mhír "Cód Aitheantais Sócmhainne". Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – ISO 6166 don chód ISIN 2 – CUSIP (uimhir an Choiste um Nósanna Imeachta Uilíocha um Shainaithint Urrús sannta ag Biúró Seirbhíse CUSIP do chuideachtaí ó na Stáit Aontaithe agus ó Cheanada) 3 — SEDOL (Liosta Oifigiúil Laethúil an Stocmhalartáin le haghaidh Stocmhalartán Londain) 4 — WKN (Wertpapier Kenn-Nummer, an uimhir aitheantais alfa-uimhriúil sa Ghearmáin) 5 — Bloomberg Ticker (cód litreacha Bloomberg lena sainaithnítear urrúis cuideachta) 6 — BBGID (Aitheantas Domhanda Bloomberg) 7 — Reuters RIC (Cód ionstraime Reuters) 8 — FIGI (Aitheantóir Domhanda Ionstraime Airgeadais) 9 — Cód eile le comhaltaí Chumann na nGníomhaireachtaí Náisiúnta um Shannadh Uimhreacha 99 — Cód sannta ag an ngnóthas
C0060	Réimeanna gnó a bhaineann le hurrúsúchán MSC	Sainaithint na réime gnó mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, arna tuairisciú. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 — Árachas maidir le caiteachas leighis 2 — Árachas cosanta ioncaim 3 — Árachas gortuithe tionsclaíocha 4 — Árachas dliteanais mótarfheithicle 5 — Árachas mótair eile 6 — Árachas muirí, eitlíochta agus iompair 7 — Árachas dóiteáin agus árachas le haghaidh damáiste eile do mhaoin 8 — Árachas dliteanais ghinearálta 9 — Árachas creidmheasa agus urraíochta 10 — Árachas maidir le costais dlí 11 — Cúnamh 12 — Caillteanas airgeadais ilghnéitheach

	MÍR	TREORACHA
		13 — Athárachas comhréireach caiteachais leighis 14 — Athárachas comhréireach cosanta ioncaim 15 — Athárachas comhréireach um ghortuithe tionsclaíocha 16 — Athárachas comhréireach um dhliteanas mótarfheithiclí 17 — Athárachas mótair comhréireach eile 18 — Athárachas comhréireach muirí, eitlíochta agus iompair 19 — Athárachas comhréireach dóiteáin agus le haghaidh damáiste eile do mhaoin 20 — Athárachas comhréireach dliteanais ghinearálta 21 — Athárachas comhréireach creidmheasa agus urraíochta 22 — Athárachas comhréireach costas dlí 23 — Athárachas comhréireach cúnaimh 24 — Athárachas comhréireach ilghnéitheach caillteanais airgeadais 25 — Athárachas sláinte neamhréireach 26 — Athárachas taisme neamhréireach 27 — Athárachas neamhréireach muirí, eitlíochta agus iompair 28 — Athárachas neamhréireach maoine 29 — Árachas sláinte 30 — Árachas le comhroinnt brabúis 31 — árachas innéacsnasctha agus aonadnasctha 32 — Árachas saoil eile 33 — Blianachtaí ag eascairt as conarthaí árachais neamhshaoil agus a bhaineann le hoibleagáidí árachais sláinte 34 — Blianachtaí ag eascairt as conarthaí árachais neamhshaoil agus a bhaineann le hoibleagáidí árachais seachas oibleagáidí árachais sláinte 35 — Athárachas sláinte 36 — Athárachas saoil 37 — Il-líne I gcás ina soláthraítear cumhdach le haghaidh níos mó ná aon réim ghnó amháin leis an gconradh athárachais nó le socrú comhchosúil, agus ina bhfuil difríocht idir na téarmaí cumhdaigh i measc réimeanna gnó, ansin is gá an conradh a shonrú thar rónna iomadúla. Is gá an chéad ró don chonradh a iontráil mar "Il-líne" lena dtugtar mionsonraí faoi théarmaí foriomlána an chonartha, agus mionsonraí faoi théarmaí aonair an chonartha athárachais maidir le gach réim ghnó ábhartha a thabhairt sna rónna ina dhiaidh sin. I gcás nach bhfuil difríocht de réir réim ghnó i dtéarmaí an chumhdaigh, ní éilítear ach réim ghnó cheannasach Shócmhainneacht II.
C0070	An cineál Truicir/Truicear in MSC	Sainaithin na sásraí truicir a úsáideann MSC mar theagmhais truicir a chuirfeadh d'oibleagáid ar MSC íocaíocht a dhéanamh leis an ngnóthas (ath)árachais géillte. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 — Slánaíocht 2 — Caillteanas a Shamhaltú

	MÍR	TREORACHA
		3 — Innéacs nó Paraiméadrach 4 — Hibrid (lena n-áirítear comhpháirteanna ó na teicnící thuasluaite) 5 — Eile
C0080	Teagmhas Truicir Conarthach	Tuairisc ar an truicear sonrach a chuirfeadh d'oibleagáid ar MSC íocaíocht a dhéanamh leis an ngnóthas (ath)árachais géillte. Ba cheart don fhaisnéis sin a bheith comhlántach leis an bhfaisnéis faoi "An cineál Truicir/Truicear in MSC" agus ba cheart di a bheith sách tuairisciúil lena chur ar a gcumas do mhaoirseoirí an truicear coincréiteach a shainaithint, e.g. innéacsanna sonracha aimsire/stoirme le haghaidh rioscaí tubaiste nó táblaí mortlaíochta ginearálta le haghaidh rioscaí fadsaolaí.
C0090	An truicear atá mar an gcéanna leis an truicear i bpunann an árachóra ghéillte fholuitigh	Sainaithin cé acu atá nó nach bhfuil an truicear a shainmhínítear sa pholasaí (ath) árachais foluiteach ag a bhfuil an truicear um íocaíocht amach sainmhínithe sa chonradh, mar an gcéanna leis an gceann a shainmhínítear in MSC. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 — An truicear céanna 2 — Truicear difriúil
C0100	Riosca boinn a eascraíonn as struchtúr aistrithe riosca	Sainaithin cúiseanna an riosca boinn (i.e. nach gcomhfhreagraíonn an neamhchosaint a chumhdaítear leis an teicníc um maolú riosca do neamhchosaint ar riosca an ghnóthais árachais nó athárachais). Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 — Ní hann do riosca boinn 2 — Fo-ordú neamhleor le haghaidh sealbhóirí nóta, 3 — Iontaoibh bhreise infheisteoirí in aghaidh árachóirí géillte, 4 — Rinneadh rioscaí breise a urrúsú i ndiaidh údarú, 5 — Tá neamhchosaint ar nótaí eisithe ag árachóirí géillte, 9 — Eile
C0110	Riosca boinn a eascraíonn as téarmaí conarthacha	Sainaithin an riosca boinn a eascraíonn as téarmaí conarthacha. 1 — Ní hann do riosca boinn 2 — Níor aistríodh cuid shubstaintiúil de na rioscaí árachaithe 3 — Truicear neamhleor chun neamhchosaint ar riosca ar riosca an árachóra géillte a mheaitseáil
C0120	Sócmhainní MSC imfhálaithe chun oibleagáidí a bhaineann go sonrach le hárachóir géillte a shocrú	An méid sócmhainní MSC atá imfhálaithe le haghaidh an árachóra ghéillte thuairiscithe, atá ar fáil chun na dliteanais chonarthacha a shocrú atá athárachaithe ag MSC don árachóir géillte sonrach sin agus dó sin amháin (sócmhainní comhthaobhachta arna sainaithint go sonrach ar chlár comhardaithe MSC i ndáil leis an oibleagáid arna glacadh).
C0130	Sócmhainní MSC eile, nach mbaineann go sonrach le hárachóir géillte, a bhféadfaí dul ar a n-iontaoibh	Méid sócmhainní MSC (arna n-aithint ar chlár comhardaithe MSC) nach mbaineann go díreach leis an árachóir géillte tuairiscithe ach a bhféadtar dul ar a n-iontaoibh. D'áireofaí leis sin aon "sócmhainn shaor" de chuid MSC a d'fhéadfadh a bheith ar fáil chun dliteanais an árachóra ghéillte tuairiscithe a shocrú.

	MÍR	TREORACHA
C0140	Iontaoibh eile a eascraíonn as urrúsúchán	Méid sócmhainní teagmhasacha MSC (arna sealbhú lasmuigh den chlár comhardaithe) nach mbaineann go díreach leis an árachóir géillte tuairiscithe ach a bhféadtar dul ar a n-iontaoibh. Áirítear leis sin iontaoibh in aghaidh chontrapháirtithe eile MSC, lena n-áirítear ráthaíochtaí, conarthaí athárachais agus gealltanais dhíorthacha le MSC arna ndéanamh ag urraitheoir MSC, sealbhóirí nóta nó tríú páirtithe eile.
C0150	Uasmhéid iomlán oibleagáidí féideartha ó MSC faoi pholasaí athárachais	Uasmhéid iomlán oibleagáidí féideartha ó chonradh athárachais (a bhaineann go sonrach le hárachóir géillte).
C0160	MSC arna chistiú go hiomlán i ndáil le hoibleagáidí árachóra ghéillte ar fud na tréimhse tuairiscithe	Sainaithin más amhlaidh nach bhféadfaí an chosaint a sholáthraítear leis an teicníc um maolú riosca a aithint ach go páirteach i gcás ina scoirfidh contrapháirtí i gconradh athárachais de bheith in ann aistriú riosca éifeachtach leanúnach a sholáthar. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 — MSC arna chistiú go hiomlán i ndáil le hoibleagáidí árachóra ghéillte 2 — MSC gan bheith cistithe go hiomlán i ndáil le hoibleagáidí árachóra ghéillte
C0170	Méideanna in-aisghabhála reatha ó MSC	Méid méideanna in-aisghabhála MSC arna n-aithint ar chlár comhardaithe Shócmhainneacht II an ghnóthais tuairiscithe (sula ndearnadh coigeartuithe i leith caillteanais a bhfuil coinne leo i ngeall ar mhainneachtain an chontrapháirtí). Déanfar sin a ríomh i gcomhréir le ceanglais Airteagal 41 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
C0180	Sainaithint infheistíochtaí ábhartha arna sealbhú ag an árachóir géillte in MSC	Sainaithin cé acu is ann nó nach ann d'infheistíochtaí ábhartha arna sealbhú ag an árachóir géillte in MSC, de réir Airteagal 210 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35. 1 — Neamhbhainteach 2 — Infheistíochtaí MSC arna rialú ag an árachóir géillte agus/nó urraitheoir (i gcás nach ionann é agus an t-árachóir géillte); 3 — Infheistíochtaí MSC arna sealbhú ag an árachóir géillte (gnáthscaireanna, nótaí nó fofhiach eile MSC); 4 — Díolann an t-árachóir géillte athárachas nó cosaint eile um maolú riosca le MSC; 5 — Sholáthair an t-árachóir géillte ráthaíocht nó feabhsú creidmheasa eile do MSC nó do shealbhóirí nóta; 6 — Riosca boinn leordhóthanach arna choinneáil ag an árachóir géillte; 9 — Eile. Má thuairiscítear é sin, ní mór an ionstraim a shainaithint i gcealla C0030 agus C0040.
C0190	Sócmhainní urrúsúcháin a bhaineann leis an árachóir géillte arna sealbhú ar iontaoibh le tríú páirtí eile nach é an t-árachóir géillte/an t-urraitheoir é?	Sainaithin má tá sócmhainní urrúsúcháin ann a bhaineann leis an árachóir géillte arna sealbhú ar iontaoibh le tríú páirtí eile nach é an t-árachóir géillte/an t-urraitheoir é, agus forálacha Airteagail 214(2) agus 326 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 á meas. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Arna sealbhú ar iontaoibh le tríú páirtí eile nach é an t-árachóir géillte/an t-urraitheoir é 2 — Gan bheith sealbhaithe ar iontaoibh le tríú páirtí eile nach é an t-árachóir géillte/an t-urraitheoir é
Faisnéis maidir le MSC		

	MÍR	TREORACHA
C0200	Cód inmheánach MSC	Cód inmheánach curtha i leith MSC ag an ngnóthas san ord tosaíochta seo: — Aitheantóir an Eintitis Dhlítheanaigh (LEI); — Cód sonrach Beidh an cód sin uathúil i gcás gach MSC agus ní thiocfaidh aon athrú air sna tuarascálacha ina dhiaidh sin.
C0210	Cineál cóid MSC	Sainaithint an chóid a úsáidtear sa mhír "Cód inmheánach MSC": Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — LEI 2 — Cód sonrach
C0220	Cineál dlíthiúil MSC	Sainaithin cineál dlíthiúil urrúsúchán MSC, de réir Airteagal 13(26) de Threoir 2009/138/CE. Liosta iata 1 — Iontaobhais 2 — Comhpháirtíochtaí 3 — Cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta 4 — Foirm eintitis dhlítheanaigh eile nach dtagraítear di thuas 5 — Neamhchorpraithe
C0230	Ainm MSC	Sainaithin ainm MSC
C0240	Uimhir chorpraithe MSC	Uimhir chlárúcháin a fuarthas ar chorprú MSC. I gcás MSCanna neamhchorpraithe, ba cheart don ghnóthas an uimhir rialála nó a comhionann, a fuarthas ón údarás maoirseachta tráth an údaraithe, a thuairisciú.
C0250	Tír údaraithe MSC	Sainaithin cód ISO 3166-1 alfa-2 na tíre ina bhfuil MSC bunaithe agus inar údaraíodh é, i gcás inarb infheidhme.
C0260	Coinníollacha údaraithe MSC	Sainaithin coinníollacha a bhaineann le húdarú MSC de réir Airteagal 211 de Threoir 2009/138/CE nó de réir ionstraim dlí chomhionann. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — MSC údaraithe faoi Airteagal 211(1) de Threoir 2009/138/CE 2 — MSC údaraithe faoi Airteagal 211(3) de Threoir 2009/138/CE (arna marthanú) 3 — MSC rialáilte ag údarás maoirseachta tríú tír ina gcomhlíonann meán sainchuspóireach ceanglais atá comhionann leo siúd a leagtar amach in Airteagal 211(2) de Threoir 2009/138/CE 4 — MSC nach gcumhdaítear thuas
C0270	Measúnú creidmheasa seachtrach ag IMCS ainmnithe	Measúnú creidmheasa MSC (más ann dó) a bhreithníonn an gnóthas agus a sholáthraíonn gníomhaireacht measúnaithe creidmheasa. Mura bhfuil an measúnú creidmheasa ar fáil, fágfar an mhír bán agus sainaithneofar MSC mar "9 — gan measúnú creidmheasa ar fáil" i gcolún C0290 (céim cáilíochta creidmheasa).

	MÍR	TREORACHA
		Níl an mhír seo infheidhme maidir le MSCanna dá n-úsáideann gnóthais a úsáideann samhail inmheánach rátálacha inmheánacha. Más rud nach é mbíonn rátáil inmheánach in úsáid ag gnóthais a úsáideann samhail inmheánach, tuairisceofar an mhír seo.
C0280	Institiúid ainmnithe um measúnú creidmheasa seachtrach	Sainaithin an institiúid um measúnú creidmheasa seachtrach (IMCS) a thugann an rátáil sheachtrach in C0270, ach ainm IMCS mar atá sé foilsithe ar shuíomh gréasáin ESMA a úsáid. I gcás rátálacha arna n-eisiúint ag fochuideachtaí de IMCS, tuairiscigh máthairchuideachta IMCS (déantar an tagairt do liosta ESMA de ghníomhaireachtaí rátála creidmheasa atá cláraithe nó deimhnithe i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le gníomhaireachtaí rátála creidmheasa).
C0290	Céim cáilíochta creidmheasa	Sainaithin an chéim cáilíochta creidmheasa atá sannta do MSC. Léireofar sa chéim cáilíochta creidmheasa aon athchoigeartú ar an gcáilíocht chreidmheasa arna dhéanamh go hinmheánach ag an ngnóthas. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 0 – Céim cáilíochta creidmheasa 0 1 – Céim cáilíochta creidmheasa 1 2 – Céim cáilíochta creidmheasa 2 3 — Céim cáilíochta creidmheasa 3 4 – Céim cáilíochta creidmheasa 4 5 – Céim cáilíochta creidmheasa 5 6 – Céim cáilíochta creidmheasa 6 9 — Níl rátáil ar fáil
C0300	Rátáil inmheánach	Rátáil inmheánach MSC le haghaidh gnóthais a úsáideann samhail inmheánach a mhéid a úsáidtear na rátálacha inmheánacha ina samhaltú inmheánach. Ní thuairisceofar an mhír seo i gcás nach bhfuil ach rátálacha seachtracha agus sin amháin in úsáid ag gnóthas a úsáideann samhail inmheánach.

S.36.01 — IGT — Idirbhearta de chineál cothromais, fiachas agus aistriú sócmhainní

Barúlacha ginearálta:

Baineann an teimpléad seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh eintitis aonair.

Leis an teimpléad seo, tuairisceofar gach idirbheart inghrúpa (suntasach, an-suntasach agus idirbhearta a cheanglaítear a thuairisciú i ngach imthoisc) idir eintitis de chuid grúpa a bhaineann le cothromas, fiachas, maoiniú frithpháirteach [1] agus aistrithe sócmhainní.

Áirítear na nithe seo a leanas i measc na ngnéithe sin, ach níl siad teoranta dóibh:

— cothromas agus míreanna caipitil eile, lena n-áirítear rannpháirtíochtaí in eintitis ghaolmhara agus aistriú scaireanna eintitis ghaolmhara an ghrúpa;

— fiachas, lena n-áirítear bannaí, iasachtaí, fiachas comhthaobhaithe agus idirbhearta eile de chineál comhchosúil e.g. le híocaíochtaí réamhchinntithe úis nó cúpóin nó préimhe go ceann thréimhse ama réamhchinntithe;

— aistriú sócmhainní eile mar shampla aistriú réadmhaoine agus aistriú scaireanna cuideachtaí eile nach bhfuil gaolmhar leis an ngrúpa (i.e. lasmuigh de).

Áireofar ar an teimpléad seo idirbhearta inghrúpa:

— a bhí i bhfeidhm ag tús na tréimhse tuairiscithe.

— a tionscnaíodh le linn na tréimhse tuairiscithe agus gan íoc ar an dáta tuairiscithe.

— a tionscnaíodh agus a chuaigh in éag/tháinig in aibíocht le linn na tréimhse tuairiscithe.

[1] Mar a leagtar amach in Airteagal 223 de Threoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le gabháil le gnó Árachais agus Athárachais agus an gnó sin a shaothrú

I gcás ina mbeidh dhá idirbheart nó níos mó idir eintitis an ghrúpa, arb éard atá iontu ó thaobh na heacnamaíochta de rannchuidiú leis an riosca céanna nó idirbhearta a fhónann don chríoch/don chuspóir céanna nó idirbhearta atá nasctha go sealadach i bplean; measfar iad a bheith ina n-oibríocht eacnamaíoch aonair.

Agus sin amhlaidh, déanfar gach idirbheart atá ina chuid d'oibríocht eacnamaíoch aonair a thuairisciú cibé uair a bhíonn siad i gcomhpháirt ag an tairseach chomhfhreagrach nó os a cionn le haghaidh idirbhearta inghrúpa suntasacha, fiú má thagann na hidirbhearta faoi bhun na tairsí ina n-aonar.

Tuairisceofar aon ghné a chuirtear le hidirbhearta inghrúpa suntasacha mar idirbheart inghrúpa ar leithligh, fiú má thagann an ghné féin faoi bhun theorann na tairsí suntasaí. Mar shampla, má mhéadaíonn gnóthas méid tosaigh na hiasachta le gnóthas gaolmhar eile, taifeadfar an méid a cuireadh leis an iasacht mar mhír ar leithligh lena dháta eisiúna mar a chéile leis an dáta ar cuireadh léi é.

I gcás ina mbeidh an luach idirbhirt éagsúil le haghaidh dhá pháirtí beartaíochta (e.g. idirbheart EUR 10m idir A agus B ina dtaifeadann A EUR 10m, ach nach bhfaigheann B ach EUR 9,5m toisc gur cuireadh costais idirbhirt dar luach EUR 0,5m leis na costais), is é an t-uasmhéid, EUR 10m sa chás seo, a thuairisceofar sa teimpléad mar mhéid an idirbhirt.

Sainmhíneofar idirbhearta indíreacha mar aon idirbheart lena n-aistrítear neamhchosaintí ar riosca idir eintitis laistigh den ghrúpa lena n-áirítear idirbhearta le meán sainchuspóireach, le gnóthais chomhinfheistíochta, le heintitis choimhdeacha nó le heintitis neamhrialáilte, ach gan bheith teoranta dóibh sin; nó idir eintitis lasmuigh den ghrúpa ach ina dtugtar an neamhchosaint ar riosca ar ais sa deireadh nó ina bhfanann sí laistigh den ghrúpa. I gcás inarb ann do shlabhra idirbheart inghrúpa gaolmhar (e.g. infheistíonn A in B agus infheistíonn B in C), is mar idirbheart indíreach a thuairisceofar an t-idirbheart seo. Dá bhrí sin, déanfar idirbheart A go C a thuairisciú agus luafar an chéim idirmheánach sna nótaí. I gcás cascáid idirbheart, e.g. má théann "A" -> "B" -> "C -> "D", i gcás ina bhfuil "B" agus "C" araon sa ghrúpa ach inar eintitis neamhrialaithe iad, tuairisceofar an t-idirbheart sin freisin.

ÍTIM		TREORACHA
C0010	Aitheantas an idirbhirt inghrúpa	Cód aitheantais inmheánach uathúil le haghaidh gach idirbhirt inghrúpa. Beidh sé comhsheasmhach le himeacht ama.
C0020	Ainm an Infheisteora/Iasachtóra	Ainm an eintitis atá ag ceannach an chothromais nó ag iasachtú le gnóthas gaolmhar laistigh den ghrúpa, i.e. an t-eintiteas a aithníonn an t-idirbheart mar shócmhainn ar a chlár comhardaithe (fiach – clár comhardaithe).
C0030	Cód aitheantais don infheisteoir/iasachtóir	An cód aitheantais uathúil a chuirtear i gceangal leis an infheisteoir/gceannaitheoir/aistrí leis an ordú tosaíochta seo más ann dó: — Aitheantóir an Eintitis Dhlítheanaigh (LEI); — Cód sonrach Cód sonrach: — I gcás gnóthais rialáilte sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch seachas gnóthais árachais agus athárachais laistigh den ghrúpa: cód aitheantais a úsáidtear sa mhargadh áitiúil, sannta ag údarás maoirseachta inniúil an ghnóthais; — I gcás gnóthais neamh-LEE agus gnóthais atá neamhrialáilte laistigh den ghrúpa, is é an grúpa a chuirfidh an cód aitheantais ar fáil. Agus cód aitheantais á leithdháileadh ar gach gnóthas neamh-LEE nó neamhrialáilte, comhlíonfaidh an grúpa an fhormáid seo a leanas ar bhealach comhsheasmhach: cód aitheantais an mháthairghnóthais + cód alfa-2 ISO 3166-1 thír an ghnóthais + 5 dhigit
C0031	An cineál cóid don infheisteoir/iasachtóir	An cineál cóid aitheantais a úsáidtear le haghaidh na míre "Cód aitheantais don infheisteoir/iasachtóir". Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – LEI 2 – Cód sonrach

ÍTIM		TREORACHA
NC0040	Earnáil an infheisteora/iasachtóra	Más cuid den earnáil airgeadais é an t-infheisteoir/an t-iasachtóir de réir bhrí Airteagal 2(8) de Threoir 2002/87/CE, sonraigh: “earnáil baincéireachta”, “earnáil árachais agus athárachais” nó “earnáil seirbhísí infheistíochtaí”. Mura cuid den earnáil airgeadais é an t-infheisteoir/an t-iasachtóir de réir bhrí Airteagal 2(8) de Threoir 2002/87/CE, sonraigh: “gnóthas eile den ghrúpa”.
C0050	Ainm an eisitheora/iasachtaí	Ainm an eintitis atá ag eisiúint an chothromais/na míre caipitil nó an airgid iasachtaíochta (eisiúint fiachais), i.e. an t-eintiteas a aithníonn t-idirbheart mar dhliteanas nó caipiteal ar a chlár comhardaithe (creidmheas – clár comhardaithe).
C0060	Cóid aitheantais don eisitheoir/iasachtaí	An cód aitheantais uathúil a chuirtear i gceangal leis an infheisteoir/ceannaitheoir/aistrí leis an ordú tosaíochta seo: — Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI), éigeantach más ann dó; — Cód sonrach i gcás nach ann do chód LEI. Cód sonrach: — I gcás gnóthais rialáilte sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch seachas gnóthais árachais agus athárachais laistigh den ghrúpa: cód aitheantais a úsáidtear sa mhargadh áitiúil, sannta ag údarás maoirseachta inniúil an ghnóthais; — I gcás gnóthais neamh-LEE agus gnóthais atá neamhrialáilte laistigh den ghrúpa, is é an grúpa a chuirfidh an cód aitheantais ar fáil. Agus cód aitheantais á dháileadh ar gach gnóthas neamh-rialáilte neamh-LEE, comhlíonfaidh an ilchuideachta airgeadais an fhormáid seo a leanas ar bhealach comhsheasmhach: cód aitheantais an mháthairghnóthais + cód alfa-2 ISO 3166-1 thír an ghnóthais + 5 dhigit
C0061	Cineál an chóid don eisitheoir/iasachtaí	Cineál an chóid aitheantais a úsáidtear le haghaidh na míre “Cód aitheantais don eisitheoir/iasachtaí”. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – LEI 2 – Cód sonrach
NC0070	Earnáil an eisitheora/iasachtaí	Más cuid den earnáil airgeadais é an t-eisitheoir/an t-iasachtaí de réir bhrí Airteagal 2(8) de Threoir 2002/87/CE, sonraigh: “earnáil baincéireachta”, “earnáil árachais agus athárachais” nó “earnáil seirbhísí infheistíochtaí”. Mura cuid den earnáil airgeadais é an t-eisitheoir/an t-iasachtaí de réir bhrí Airteagal 2(8) de Threoir 2002/87/CE, sonraigh “gnóthas eile den ghrúpa”.
NC0080	Idirbhearta indíreacha	Más cuid d’idirbheart indíreach é an t-idirbheart inghrúpa tuairiscithe (féach barúlacha ginearálta thuas), tuairiscigh “Aitheantas idirbhirt inghrúpa” (C0010) an idirbhirt ghaolmhair sa chill seo. Má tá níos mó ná dhá idirbheart gaolmhar, is gá cód aitheantais an chéad idirbhirt ghaolmhair a thuairisciú mar thagairt chun na hidirbhearta idircheangailte uile a nascadh. I gcás inarb amhlaidh nach cuid d’idirbheart indíreach é IGT tuairiscithe, tabhair “Níl” le fios.

ÍTIM		TREORACHA
NC0090	Oibríocht eacnamaíoch aonair	Más cuid d'oibríocht eacnamaíoch aonair é IGT tuairiscithe (féach barúlacha ginearálta thuas), tuairiscigh "Aitheantas idirbhirt inghrúpa" (C0010) an idirbhirt ghaolmhair sa chill seo. Má tá níos mó ná dhá idirbheart gaolmhar, is gá cód aitheantais an chéad idirbhirt ghaolmhair a thuairisciú mar thagairt chun na hidirbhearta idircheangailte uile a nascadh. Mura cuid d"oibríocht eacnamaíoch aonair é IGT tuairiscithe, sonraigh "Níl"
NC0100	Cód aitheantais na hionstraime	Seo é cód aitheantais na hionstraime (caipiteal, fiachas, etc.) idir an dá chontrapháirtí atá sainaitheanta leis an tosaíocht seo a leanas: — Cód ISO 6166 de chuid ISIN nuair a bhíonn sé ar fáil — Cóid aitheanta eile (e.g.: CUSIP, Bloomberg Ticker, Reuters RIC) — Cód atá sannta ag an ngnóthas, nuair nach mbíonn na roghanna thuas ar fáil. Beidh an cód sin comhsheasmhach le himeacht ama. D'fhéadfadh sé sin a bheith éagsúil leis an gcód idirbhirt inghrúpa a sholáthraítear i gcill C0010.
NC0101	Cineál an Chóid Aitheantais den ionstraim	Cineál an Chóid Aitheantais a úsáidtear le haghaidh na míre "Cóid Aitheantais na hionstraime". Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 - ISO 6166 don chód ISIN 2 - CUSIP (uimhir an Choiste um Nósanna Imeachta Uilíocha um Shainaithint Urrús sannta ag Biúró Seirbhíse CUSIP do chuideachtaí ó na Stáit Aontaithe agus ó Cheanada) 3 - SEDOL (Liosta Oifigiúil Laethúil an Stocmhalartáin le haghaidh Stocmhalartán Londan) 4 - WKN (Wertpapier Kenn-Nummer, an uimhir aitheantais alfa-uimhriúil sa Ghearmáin) 5 - Bloomberg Ticker (cód litreacha Bloomberg lena sainaithnítear urrúis cuideachta) 6 - BBGID (Aitheantas Domhanda Bloomberg) 7 - Reuters RIC (Cód ionstraime Reuters) 8 - FIGI (Aitheantóir Domhanda Ionstraime Airgeadais) 9 - Cód eile le comhaltaí Chumann na nGníomhaireachtaí Náisiúnta um Shannadh Uimhreacha 99 - Cód sannta ag an ngnóthas
NC0110	Cineál ionstraime	Sainaithin an cineál ionstraime. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 - Bannaí/Fiachas 2 - Cineál cothromais 3 - Aistriú sócmhainní eile
NC0120	Ionstraim	Sainaithin an ionstraim. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 - Bannaí/Fiachas – comhthaobhaithe 2 - Bannaí/Fiachas – neamh-chomhthaobhaithe

ÍTIM		TREORACHA
		3 - Cineál cothromais – scaireanna/ranníocaíochtaí 4 - Cineál cothromais – cinn eile 5 - Aistriú sócmhainní eile – réadmhaoine 6 - Aistriú sócmhainní eile – cinn eile
NC0130	Dáta eisiúna	Is é sin an ceann is luaithe de dháta an idirbhirt/eisiúna an fhiachais agus den dáta óna mbeidh feidhm ag an idirbheart inghrúpa, murab ionann é agus an dáta eisiúna. Cloífidh an dáta leis an bhformáid ISO 8601 (bbbb-mm-ll).
NC0140	Dáta aibíochta	Sainaithin cód ISO 8601 (bbbb-mm-ll) an dáta a rachaidh an t-idirbheart in éag/a thiocfaidh sé in aibíocht más infheidhme. — I gcás idirbheart inghrúpa gan aon dáta aibíochta úsáid "9999-12-31". — Le haghaidh urrúis bhuana úsáid "9999-12-31"
NC0150	Airgeadra an idirbhirt	Sainaithin cód aibítre ISO 4217 an airgeadra inar tharla an t-idirbheart.
NC0160	Méid ag dáta an idirbhirt	Méid an idirbhirt ag dáta an idirbhirt arna thuairisciú.
NC0170	Méid ar an dáta tuairiscithe	Méid an idirbhirt gan íoc ar an dáta maidir le tuairisciú más infheidhme, e.g. le haghaidh eisiúint fiachais, arna thuairisciú in airgeadra tuairiscithe an ghrúpa. I gcás inar tharla socraíocht/réamhíocaíocht luath iomlán, beidh iarmhéid an mhéid chonarthaigh comhionann le nialas.
NC0180	Luach na comhthaobhachta	Luach na comhthaobhachta le haghaidh fiachas comhthaobhaithe nó luach na sócmhainne le haghaidh idirbheart inghrúpa lena mbaineann aistriú sócmhainní.
NC0190	Méid díbhinní/úis/cúpón agus íocaíochtaí eile a rinneadh le linn na tréimhse tuairiscithe	Gabhfar sa chill seo aon íocaíocht a rinneadh i ndáil leis an idirbheart inghrúpa atá taifeadta le haghaidh na tréimhse tuairiscithe sa teimpléad seo (6 mhí anuas go dtí an dáta maidir le tuairisciú). Áirítear orthu sin ach gan bheith teoranta dóibh: — Díbhinní don bhliain reatha lena n-áirítear díbhinní atá íoctha nó dearbhaithe acu atá neamhíoctha. — Aon díbhinn iarchurtha ó bhlianta roimhe seo a íocadh le linn na tréimhse tuairiscithe (i.e. aon díbhinn iarchurtha atá íoctha a chuaigh i bhfeidhm ar Bhrabús agus caillteanas don tréimhse tuairiscithe). — Íocaíochtaí úis a dhéantar i ndáil le hionstraimí fiachais. — Aon íocaíocht eile a rinneadh i ndáil leis an idirbheart inghrúpa a thuairiscítear sa teimpléad seo, e.g. muirir ar aistrithe sócmhainní. — An méid iomlán breisithe más infheidhme, i.e. an t-airgead breise iomlán a infheistíodh le linn na tréimhse tuairiscithe, mar shampla aon íocaíocht bhreise ar scaireanna páirtíoctha nó méid iasachta méadaitheach le linn na tréimhse (nuair a thuairiscítear breisithe mar mhír ar leithligh).
C0200	Cúpón/Ráta úis	An ráta úis nó cúpóin mar chéatadán, más infheidhme. Maidir le ráta úis athraitheach, áireofar leis sin an ráta tagartha agus an ráta úis os a chionn.

ÍTIM		TREORACHA
C0210	Nótaí	Áireofar an méid a leanas sna nótaí: — fógra mura ndearnadh an t-idirbheart ar neamhthuilleamaí — aon fhaisnéis ábhartha eile maidir le cineál eacnamaíoch na hoibríochta

S.36.02 — IGT — Díorthaigh

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh eintitis aonair.

Leis an teimpléad seo, tuairisceofar gach idirbheart inghrúpa (suntasach, an-suntasach agus idirbhearta a cheanglaítear a thuairisciú i ngach imthoisc) idir an gnóthas aonair agus an chuideachta sealbhaíochta árachais gníomhaíochtaí measctha agus a gnóthais ghaolmhara a bhaineann le díorthaigh. Déanfar idirbhearta inghrúpa suntasacha i ndáil le díorthaigh a thuairisciú i gcás ina sáraíonn suim ghlanluacha an díorthaigh an tairseach. Áirítear na nithe seo a leanas i measc na ngnéithe sin, ach níl siad teoranta dóibh:

— Conarthaí ráta úis, lena n-áirítear babhtálacha, comhaontuithe réamhcheaptha, todhchaíochtaí agus roghanna;

— Conarthaí malairte eachtraí, lena n-áirítear babhtálacha, comhaontuithe réamhcheaptha, todhchaíochtaí agus roghanna;

— Conarthaí de shamhail na gconarthaí sin i bpointí 1(a) go (e) agus i bpointí 2(a) go (d) den Iarscríbhinn seo maidir le míreanna nó innéacsanna tagartha eile.

Áireofar ar an teimpléad seo idirbhearta inghrúpa:

— a bhí i bhfeidhm ag tús na tréimhse tuairiscithe.

— a tionscnaíodh le linn na tréimhse tuairiscithe agus gan íoc ar an dáta tuairiscithe.

— a tionscnaíodh agus a chuaigh in éag/tháinig in aibíocht le linn na tréimhse tuairiscithe.

I gcás ina mbeidh dhá idirbheart nó níos mó idir eintitis an ghrúpa, arb éard atá iontu ó thaobh na heacnamaíochta de rannchuidiú leis an riosca céanna nó idirbhearta a fhónann don chríoch/don chuspóir céanna nó idirbhearta atá nasctha go sealadach i bplean; measfar iad a bheith ina n-oibríocht eacnamaíoch aonair.

Agus sin amhlaidh, déanfar gach idirbheart atá ina chuid d'oibríocht eacnamaíoch aonair a thuairisciú cibé uair a bhíonn siad i gcomhpháirt ag an tairseach chomhfhreagrach nó os a cionn le haghaidh idirbhearta inghrúpa suntasacha, fiú má thagann na hidirbhearta faoi bhun na tairsí ina n-aonar.

Tuairisceofar aon ghné a chuirtear le hidirbhearta inghrúpa suntasacha mar idirbheart inghrúpa ar leithligh, fiú má thagann an ghné féin faoi bhun theorann na tairsí suntasaí. Mar shampla, má mhéadaíonn gnóthas méid tosaigh na hiasachta le gnóthas gaolmhar eile, taifeadfar an méid a cuireadh leis an iasacht mar mhír ar leithligh lena dháta eisiúna mar a chéile leis an dáta ar cuireadh léi é.

I gcás ina mbeidh an luach idirbhirt éagsúil le haghaidh dhá pháirtí beartaíochta (e.g. idirbheart EUR 10m idir A agus B ina dtaifeadann A EUR 10m, ach nach bhfaigheann B ach EUR 9,5m toisc gur cuireadh costais idirbhirt dar luach EUR 0,5m leis na costais), is é an t-uasmhéid, EUR 10m sa chás seo, a thuairisceofar sa teimpléad mar mhéid an idirbhirt.

Sainmhíneofar idirbhearta indíreacha mar aon idirbheart lena n-aistrítear neamhchosaintí ar riosca idir eintitis laistigh den ghrúpa lena n-áirítear idirbhearta le meán sainchuspóireach, le gnóthais chomhinfheistíochta, le heintitis choimhdeacha nó le heintitis neamhrialáilte, ach gan bheith teoranta dóibh sin; nó idir eintitis lasmuigh den ghrúpa ach ina dtugtar an neamhchosaint ar riosca ar ais sa deireadh nó ina bhfanann sí laistigh den ghrúpa. I gcás inarb ann do shlabhra idirbheart inghrúpa gaolmhar (e.g. infheistíonn A in B agus infheistíonn B in C), is mar idirbheart indíreach a thuairisceofar an t-idirbheart seo. Dá bhrí sin, déanfar idirbheart A go C a thuairisciú agus luafar an chéim idirmheánach sna nótaí. I gcás cascáid idirbheart, e.g. má théann "A" -> "B" -> "C -> "D", i gcás ina bhfuil "B" agus "C" araon sa ghrúpa ach inar eintitis neamhrialaithe iad, tuairisceofar an t-idirbheart sin freisin.

ÍTIM		TREORACHA
C0010	Aitheantas an idirbhirt inghrúpa	Cód aitheantais inmheánach uathúil le haghaidh gach idirbhirt inghrúpa. Beidh sé comhsheasmhach le himeacht ama.

ÍTIM		TREORACHA
C0020	Ainm an infheisteora/an cheannaitheora	Ainm an eintitis atá ag infheistiú sa díorthach/ag ceannach an díorthaigh, nó ainm an chontrapháirtí ag a bhfuil an suíomh fada. Maidir le babhtálacha is ionann an t-íocóir agus íocóir an ráta sheasta a fhaigheann an ráta comhlúthach.
C0030	Cód aitheantais an infheisteora/cheannaitheora	An cód aitheantais uathúil a chuirtear i gceangal leis an infheisteoir/ceannaitheoir/aistrí leis an ordú tosaíochta seo: — Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI), éigeantach más ann dó; — Cód sonrach i gcás nach ann do chód LEI. Cód sonrach: — I gcás gnóthais rialáilte sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch seachas gnóthais árachais agus athárachais laistigh den ghrúpa: cód aitheantais a úsáidtear sa mhargadh áitiúil, sannta ag údarás maoirseachta inniúil an ghnóthais; — I gcás gnóthais neamh-LEE agus gnóthais atá neamhrialáilte laistigh den ghrúpa, is é an grúpa a chuirfidh an cód aitheantais ar fáil. Agus cód aitheantais á leithdháileadh ar gach gnóthas neamh-LEE nó neamhrialáilte, comhlíonfaidh an grúpa an fhormáid seo a leanas ar bhealach comhsheasmhach: cód aitheantais an mháthairghnóthais + cód alfa-2 ISO 3166-1 thír an ghnóthais + 5 dhigit
C0031	Cineál an chóid den infheisteoir/cheannaitheoir	An cineál cóid aitheantais a úsáidtear le haghaidh na míre “Cód aitheantais an infheisteora/an cheannaitheora”. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – LEI 2 – Cód sonrach
NC0040	Earnáil an infheisteora/cheannaitheora	Más cuid den earnáil airgeadais é an t-infheisteoir/ceannaitheoir de réir bhrí Airteagal 2(8) de Threoir 2002/87/CE, sonraigh: “earnáil baincéireachta”, “earnáil árachais agus athárachais” nó “earnáil seirbhísí infheistíochtaí”. Mura cuid den earnáil airgeadais é an t-infheisteoir/ceannaitheoir de réir bhrí Airteagal 2(8), sonraigh: “gnóthas eile den ghrúpa”.
C0050	Ainm an Eisitheora/Díoltóra	Ainm an eintitis atá ag eisiúint/díol an díorthaigh, nó ainm an chontrapháirtí ag a bhfuil an suíomh gearr. Maidir le babhtálacha, faigheann an faighteoir na rátaí seasta agus íocann an ráta comhlúthach.
C0060	Cód aitheantais an eisitheora/díoltóra	An cód aitheantais uathúil a chuirtear i gceangal leis an infheisteoir/ceannaitheoir/aistrí leis an ordú tosaíochta seo: — Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI), éigeantach más ann dó; — Cód sonrach i gcás nach ann do chód LEI. Cód sonrach: — I gcás gnóthais rialáilte sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch seachas gnóthais árachais agus athárachais laistigh den ghrúpa: cód aitheantais a úsáidtear sa mhargadh áitiúil, sannta ag údarás maoirseachta inniúil an ghnóthais; — I gcás gnóthais neamh-LEE agus gnóthais atá neamhrialáilte laistigh den ghrúpa, is é an grúpa a chuirfidh an cód aitheantais ar fáil. Agus cód aitheantais á leithdháileadh ar gach gnóthas neamh-LEE nó neamhrialáilte, comhlíonfaidh an grúpa an fhormáid seo a leanas ar bhealach comhsheasmhach: cód aitheantais an mháthairghnóthais + cód alfa-2 ISO 3166-1 thír an ghnóthais + 5 dhigit

ÍTIM		TREORACHA
C0061	Cineál an chóid den eisitheoir/díoltóir	An cineál cóid aitheantais a úsáidtear le haghaidh na míre “Cód aitheantais an eisitheora/díoltóra”. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – LEI 2 – Cód sonrach
NC0070	Earnáil airgeadais an eisitheora/díoltóra	Más cuid den earnáil airgeadais é an t-eisitheoir/díoltóir de réir bhrí Airteagal 2(8) de Threoir 2002/87/CE, sonraigh: “earnáil baincéireachta”, “earnáil árachais agus athárachais” nó “earnáil seirbhísí infheistíochtaí”. Mura cuid den earnáil airgeadais é an t-eisitheoir/díoltóir de réir bhrí Airteagal 2 (8), sonraigh: “gnóthas eile den ghrúpa”.
NC0080	Idirbhearta indíreacha	Más cuid d’idirbheart indíreach é an t-idirbheart inghrúpa tuairiscithe (féach barúlacha ginearálta thuas), tuairiscigh “Aitheantas idirbhirt inghrúpa” (C0010) an idirbhirt ghaolmhair sa seo. Má tá níos mó ná dhá idirbheart gaolmhar, is gá cód aitheantais an chéad idirbhirt ghaolmhair a thuairisciú mar thagairt chun na hidirbhearta idircheangailte uile a nascadh. Mura cuid d’idirbheart indíreach é an t-idirbheart inghrúpa tuairiscithe, sonraigh “Níl”.
NC0090	Oibríocht eacnamaíoch aonair	Más cuid d’oibríocht eacnamaíoch aonair é an t-idirbheart inghrúpa tuairiscithe (féach barúlacha ginearálta thuas), tuairiscigh “Aitheantas idirbhirt inghrúpa” (C0010) an idirbhirt ghaolmhair sa chill. Má tá níos mó ná dhá idirbheart gaolmhar, is gá cód aitheantais an chéad idirbhirt ghaolmhair a thuairisciú mar thagairt chun na hidirbhearta idircheangailte uile a nascadh. Mura cuid d’oibríocht eacnamaíoch aonair é an t-idirbheart inghrúpa tuairiscithe, sonraigh “Níl”.
NC0100	Cód aitheantais na hionstraime	Seo é cód aitheantais na hionstraime (caipiteal, fiachas, etc.) idir an dá chontrapháirtí atá sainaitheanta leis an tosaíocht seo a leanas: — Cód ISO 6166 de chuid ISIN nuair a bhíonn sé ar fáil — Cóid aitheanta eile (e.g.: CUSIP, Bloomberg Ticker, Reuters RIC) — Cód atá sannta ag an ngnóthas, nuair nach mbíonn na roghanna thuas ar fáil. Beidh an cód sin comhsheasmhach le himeacht ama. D’fhéadfadh sé sin a bheith éagsúil leis an gcód idirbhirt inghrúpa a sholáthraítear i gcill C0010.
NC0101	Cineál an Chóid Aitheantais den ionstraim	Cineál an Chóid Aitheantais a úsáidtear le haghaidh na míre “Cóid Aitheantais na hionstraime”. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 - ISO 6166 don chód ISIN 2 - CUSIP (uimhir an Choiste um Nósanna Imeachta Uilíocha um Shainaithint Urrús sannta ag Biúró Seirbhíse CUSIP do chuideachtaí ó na Stáit Aontaithe agus ó Cheanada) 3 - SEDOL (Liosta Oifigiúil Laethúil an Stocmhalartáin le haghaidh Stocmhalartán Londan) 4 - WKN (Wertpapier Kenn-Nummer, an uimhir aitheantais alfa-uimhriúil sa Ghearmáin) 5 - Bloomberg Ticker (cód litreacha Bloomberg lena sainaithnítear urrúis cuideachta)

ÍTIM		TREORACHA
		6 - BBGID (Aitheantas Domhanda Bloomberg) 7 - Reuters RIC (Cód ionstraime Reuters) 8 - FIGI (Aitheantóir Domhanda Ionstraime Airgeadais) 9 - Cód eile le comhaltaí Chumann na nGníomhaireachtaí Náisiúnta um Shannadh Uimhreacha 99 - Cód sannta ag an ngnóthas
NC0110	Cineál ionstraime	Sainaithin an cineál idirbhirt. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 - Díorthaigh – todhchaíochtaí 2 - Díorthaigh – conarthaí réamhcheaptha 3 - Díorthaigh – roghanna 4 - Díorthaigh – cinn eile 5 - Ráthaíochtaí – cosaint creidmheasa 6 - Ráthaíochtaí – cinn eile 7 - Babhtálacha 8 - Cinn eile Measfar comhaontú um athcheannach mar idirbheart airgid thirim móide conradh réamhcheaptha.
NC0120	An cineál cosanta	Sainaithin an cineál idirbhirt. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 - mainneachtain creidmheasa 2 - ráta úis 3 - airgeadra 4 - cinn eile
NC0130	Cuspóir na hionstraime	Tabhair tuairisc ar an díorthach (fálú micrimhéide/macraimhéide, bainistíocht punainne éifeachtúil). Tagraítear le “Micreafhálú” do dhíorthaigh lena gcumhdaítear ionstraim airgeadais, idirbheart réamhaisnéise nó dliteanas aonair. Tagraítear le “Macrafhálú” do dhíorthaigh lena gcumhdaítear sraith ionstraimí airgeadais, idirbheart réamhaisnéise nó dliteanas. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 - Micreafhálú 2 - Macrafhálú 3 - Sreabhadh airgid sócmhainní agus dliteanas a mheaitseálann 4 - Bainistíocht punainne éifeachtúil, seachas “Sreabhadh airgid sócmhainní agus dliteanas a mheaitseálann” 5 - Cinn eile
NC0140	Dáta tosaigh	Sainaithin cód ISO 8601 (bbbb-mm-ll) dháta an idirbhirt/trádála an chonartha dhíorthaigh. Maidir le conarthaí rollacha, úsáid an dáta trádála tosaigh.
NC0150	Dáta aibíochta	Sainaithin cód ISO 8601 (bbbb-mm-ll) do dháta dúnta an chonartha dhíorthaigh, arna sainiú le conartha, cibé ceann acu dáta aibíochta nó dáta éaga atá ann le haghaidh roghanna (Eorpacha nó Meiriceánacha), etc.

ÍTIM		TREORACHA
NC0160	Airgeadra an idirbhirt	Sainaithin cód aibítre ISO 4217 an airgeadra inar tharla an t-idirbheart.
NC0170	Méid barúlac	An méid a chlúdaítear leis an díorthach nó atá neamhchosanta air ar an dáta tuairiscithe, i.e. an clár comhardaithe deiridh a thuairiscítear in airgeadra tuairiscithe an ghrúpa. I gcás todhchaíochtaí agus roghanna, comhfhreagraíonn sé do mhéid an chonartha arna iolrú faoin líon conarthaí. I gcás babhtálacha agus conarthaí réamhcheaptha, comhfhreagraíonn sé do mhéid an chonartha. I gcás ina bhfuil idirbheart tar éis teacht in aibíocht/dul in éag le linn na tréimhse tuairiscithe roimh an dáta tuairiscithe, beidh an méid barúlach ar an dáta tuairiscithe comhionann le nialas.
NC0180	Suim ghlanluacha	Luach an díorthaigh ar an dáta tuairiscithe mar a thuairiscítear i gclár comhardaithe an eintitis. I gcás ina bhfuil idirbheart tar éis teacht in aibíocht/dul in éag le linn na tréimhse tuairiscithe roimh an dáta tuairiscithe, beidh an tsuim ghlanluacha ar an dáta tuairiscithe comhionann le suim ghlanluacha uasta na ndíorthach roimh aibíocht an idirbhirt.
NC0190	Luach na comhthaobhachta	Luach na comhthaobhachta arna gealladh ar an dáta maidir le tuairisciú (nialas má tá an díorthach dúnta) más infheidhme.
NC0200	Cód aitheantais na Sócmhainne/an Dliteanais atá foluiteach leis an díorthach	Cód Aitheantais na sócmhainne nó an dliteanais atá faoi bhun an chonartha díorthaigh. Tá an mhír seo le soláthar le haghaidh díorthach ag a bhfuil ionstraim nó innéacs foluiteach amháin i bpunann an ghnóthais. Meastar innéacs a bheith ina ionstraim aonair, agus tuairisceofar é. Cód aitheantais na hionstraime faoi bhun an díorthaigh leis an tosaíocht seo a leanas: — Cód ISO 6166 de chuid ISIN nuair a bhíonn sé ar fáil — Cóid aitheanta eile (e.g.: CUSIP, Bloomberg Ticker, Reuters RIC) — Cód atá sannta ag an ngnóthas, nuair nach mbíonn na roghanna thuasluaite ar fáil, agus beidh sé comhsheasmhach le himeacht ama — "Ilsócmhainní/ildliteanais", más mó ná ceann amháin atá i líon na sócmhainní nó na ndliteanas foluiteach Más innéacs é an tsócmhainn nó an dliteanas foluiteach, déanfar cód an innéacs a thuairisciú.
NC0201	Cineál cóid aitheantais na sócmhainne/an dliteanais atá foluiteach leis an díorthach	An cineál cóid aitheantais a úsáidtear le haghaidh na míre "Cód aitheantais na sócmhainne/an dliteanais atá foluiteach leis an díorthach". Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 - ISO 6166 don chód ISIN 2 - CUSIP (uimhir an Choiste um Nósanna Imeachta Uilíocha um Shainaithint Urrús sannta ag Biúró Seirbhíse CUSIP do chuideachtaí ó na Stáit Aontaithe agus ó Cheanada) 3 - SEDOL (Liosta Oifigiúil Laethúil an Stocmhalartáin le haghaidh Stocmhalartán Londan) 4 - WKN (Wertpapier Kenn-Nummer, an uimhir aitheantais alfa-uimhriúil sa Ghearmáin) 5 - Bloomberg Ticker (cód litreacha Bloomberg lena sainaithnítear urrúis cuideachta)

ÍTIM		TREORACHA
		6 - BBGID (Aitheantas Domhanda Bloomberg) 7 - Reuters RIC (Cód ionstraime Reuters) 8 - FIGI (Aitheantóir Domhanda Ionstraime Airgeadais) 9 - Cód eile le comhaltaí Chumann na nGníomhaireachtaí Náisiúnta um Shannadh Uimhreacha 99 - Cód sannta ag an ngnóthas. Úsáidfear an rogha seo freisin le haghaidh cásanna "Ilsócmhainní/ildliteanais" agus innéacsanna
NC0210	Ainm an chontrapháirtí dá gceannaítear cosaint creidmheasa	Ainm an chontrapháirtí dár ceannaíodh an chosaint faoi gchomhair a mhainneachtana.
NC0220	Ráta úis seachadta na babhtála (don cheannaitheoir)	Ráta úis arna sholáthar faoin gconradh babhtála (le haghaidh Babhtálacha ráta úis amháin).
NC0230	Ráta úis faighte na babhtála (don cheannaitheoir)	Ráta úis arna fháil faoin gconradh babhtála (le haghaidh Babhtálacha ráta úis amháin).
NC0240	Airgeadra seachadta na babhtála (don cheannaitheoir)	Sainaithin cód aibítre ISO 4217 airgeadra phraghas na babhtála (le haghaidh babhtálacha airgeadraí amháin).
C0250	Airgeadra faighte na babhtála (don cheannaitheoir)	Sainaithin cód aibítre ISO 4217 airgeadra mhéid barúlach na babhtála (le haghaidh babhtálacha airgeadraí amháin).
C0260	Ioncaim a eascraíonn as díorthaigh	Glanfháltais a eascraíonn as an infheistíocht nó as ceannach na ndíorthach. De réir brabús agus caillteanas bunaithe ar IFRS, tá coinne le torthaí réadaithe agus neamhréadaithe araon anseo. Ba cheart na méideanna a líonadh lena luach glan (i gcomparáid le QRT S. 09.01. SII). Tuairisceofar an t-ús in S. 36.05 IGT Brabús & Caillteanas
C0270	Nótaí	Áireofar an méid a leanas sna nótaí: — fógra mura ndearnadh an t-idirbheart ar neamhthuilleamaí — aon fhaisnéis ábhartha eile maidir le cineál eacnamaíoch na hoibríochta

S.36.03 — IGT — Dliteanais atá lasmuigh den chlár comhardaithe agus dliteanais theagmhasacha

Barúlacha ginearálta:

Baineann an teimpléad seo leis an bhfaisnéis a sholáthróidh gnóthais árachais agus athárachais uair amháin ar a laghad in aghaidh na bliana.

Leis an teimpléad seo, déanfar gach idirbheart inghrúpa (suntasach, an-suntasach agus idirbhearta a cheanglaítear a thuairisciú i ngach imthoisc) idir eintitis faoi raon feidhme mhaoirseacht an ghrúpa a bhaineann le ráthaíochtaí lasmuigh den chlár comhardaithe.

Áirítear orthu sin iad seo a leanas ach gan bheith teoranta dóibh:

— Ráthaíochtaí lasmuigh den chlár comhardaithe;

— saoráidí creidmheasa neamhtharraingthe

— sócmhainní a cheannaítear faoi gchomhaontuithe um réamhcheannach glan amach (airgeadra nó eile)

— comhaontuithe um dhíol agus athcheannach sócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 12(3) agus (5) de Threoir 86/635/CEE

— Dliteanais theagmhasacha

Áireofar ar an teimpléad seo idirbhearta inghrúpa:

— a bhí i bhfeidhm ag tús na tréimhse tuairiscithe.

— a tionscnaíodh le linn na tréimhse tuairiscithe agus gan íoc ar an dáta tuairiscithe.

— a tionscnaíodh agus a chuaigh in éag/tháinig in aibíocht le linn na tréimhse tuairiscithe.

I gcás ina mbeidh dhá idirbheart nó níos mó idir eintitis an ghrúpa, arb éard atá iontu ó thaobh na heacnamaíochta de rannchuidiú leis an riosca céanna nó idirbhearta a fhónann don chríoch/don chuspóir céanna nó idirbhearta atá nasctha go sealadach i bplean; measfar iad a bheith ina n-oibríocht eacnamaíoch aonair.

Agus sin amhlaidh, déanfar gach idirbheart atá ina chuid d'oibríocht eacnamaíoch aonair a thuairisciú cibé uair a bhíonn siad i gcomhpháirt ag an tairseach chomhfhreagrach nó os a cionn le haghaidh idirbhearta inghrúpa suntasacha, fiú má thagann na hidirbhearta faoi bhun na tairsí ina n-aonar.

Tuairisceofar aon ghné a chuirtear le hidirbhearta inghrúpa suntasacha mar idirbheart inghrúpa ar leithligh, fiú má thagann an ghné féin faoi bhun theorann na tairsí suntasaí. Mar shampla, má mhéadaíonn gnóthas méid tosaigh na hiasachta le gnóthas gaolmhar eile, taifeadfar an méid a cuireadh leis an iasacht mar mhír ar leithligh lena dháta eisiúna mar a chéile leis an dáta ar cuireadh léi é.

I gcás ina mbeidh an luach idirbhirt éagsúil le haghaidh dhá pháirtí beartaíochta (e.g. idirbheart EUR 10m idir A agus B ina dtaifeadann A EUR 10m, ach nach bhfaigheann B ach EUR 9,5m toisc gur cuireadh costais idirbhirt dar luach EUR 0,5m leis na costais), is é an t-uasmhéid, EUR 10m sa chás seo, a thuairisceofar sa teimpléad mar mhéid an idirbhirt.

Sainmhíneofar idirbhearta indíreacha mar aon idirbheart lena n-aistrítear neamhchosaintí ar riosca idir eintitis laistigh den ghrúpa lena n-áirítear idirbhearta le meán sainchuspóireach, le gnóthais chomhinfheistíochta, le heintitis choimhdeacha nó le heintitis neamhrialáilte, ach gan bheith teoranta dóibh sin; nó idir eintitis lasmuigh den ghrúpa ach ina dtugtar an neamhchosaint ar riosca ar ais sa deireadh nó ina bhfanann sí laistigh den ghrúpa. I gcás inarb ann do shlabhra idirbheart inghrúpa gaolmhar (e.g. infheistíonn A in B agus infheistíonn B in C), is mar idirbheart indíreach a thuairisceofar an t-idirbheart seo. Dá bhrí sin, déanfar idirbheart A go C a thuairisciú agus luafar an chéim idirmheánach sna nótaí. I gcás cascáid idirbheart, e.g. má théann "A" -> "B" -> "C -> "D", i gcás ina bhfuil "B" agus "C" araon sa ghrúpa ach inar eintitis neamhrialaithe iad, tuairisceofar an t-idirbheart sin freisin.

	ÍTIM	TREORACHA
C0010	Aitheantas an idirbhirt inghrúpa	Cód aitheantais inmheánach uathúil le haghaidh gach idirbhirt inghrúpa. Beidh sé comhsheasmhach le himeacht ama.
C0020	Ainm an tsoláthraí	Ainm an eintitis atá ag soláthar na ráthaíochta atá lasmuigh den chlár comhardaithe.
C0030	Cód aitheantais an tsoláthraí	An cód aitheantais uathúil a chuirtear i gceangal leis an soláthraí leis an ord tosaíochta seo: — Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI), éigeantach más ann dó; — Cód sonrach i gcás nach ann do chód LEI. Cód sonrach: — I gcás gnóthais rialáilte sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch seachas gnóthais árachais agus athárachais laistigh den ghrúpa: cód aitheantais a úsáidtear sa mhargadh áitiúil, sannta ag údarás maoirseachta inniúil an ghnóthais; — I gcás gnóthais lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus gnóthais neamhrialáilte laistigh den ghrúpa, is í an ilchuideachta airgeadais a sholáthróidh an cód aitheantais. Agus cód aitheantais á leithdháileadh ar gach gnóthas neamh-LEE nó neamhrialáilte, comhlíonfaidh an grúpa an fhormáid seo a leanas ar bhealach comhsheasmhach: cód aitheantais an mháthairghnóthais + cód alfa-2 ISO 3166-1 thír an ghnóthais + 5 dhigit
C0031	Cineál an chóid den soláthraí	Cineál an Chóid Aitheantais a úsáidtear le haghaidh na míre "Cód aitheantais an tsoláthraí". Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – LEI 2 – Cód sonrach

	ÍTIM	TREORACHA
C0040	Earnáil airgeadais an tsoláthraí	Más cuid den earnáil airgeadais é an soláthraí de réir bhrí Airteagal 2(8) de Threoir 2002/87/CE, sonraigh: “earnáil baincéireachta”, “earnáil árachais agus athárachais” nó “earnáil seirbhísí infheistíochtaí”. Mura cuid den earnáil airgeadais é an soláthraí de réir bhrí Airteagal 2(8), sonraigh: “gnóthas eile den ghrúpa”.
C0050	Ainm an tairbhí	Ainm an eintitis atá ag tairbhiú den ráthaíocht lasmuigh den chlár comhardaithe.
C0060	Cód aitheantais an tairbhí	An cód aitheantais uathúil a chuirtear i gceangal leis an tairbhí leis an ord tosaíochta seo: — Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI), éigeantach más ann dó; — Cód sonrach i gcás nach ann do chód LEI. Cód sonrach: — I gcás gnóthais rialáilte sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch seachas gnóthais árachais agus athárachais laistigh den ghrúpa: cód aitheantais a úsáidtear sa mhargadh áitiúil, sannta ag údarás maoirseachta inniúil an ghnóthais; — I gcás gnóthais neamh-LEE agus gnóthais atá neamhrialáilte laistigh den ghrúpa, is é an grúpa a chuirfidh an cód aitheantais ar fáil. Agus cód aitheantais á leithdháileadh ar gach gnóthas neamh-LEE nó neamhrialáilte, comhlíonfaidh an grúpa an fhormáid seo a leanas ar bhealach comhsheasmhach: cód aitheantais an mháthairghnóthais + cód alfa-2 ISO 3166-1 thír an ghnóthais + 5 dhigit
C0061	Cineál an chóid den tairbhí	Cineál an Chóid Aitheantais a úsáidtear le haghaidh na míre “Cód aitheantais an tairbhí”. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – LEI 2 – Cód sonrach
C0070	Earnáil airgeadais an tairbhí	Más cuid den earnáil airgeadais é an tairbhí de réir bhrí Airteagal 2(8) de Threoir 2002/87/CE, sonraigh: “earnáil baincéireachta”, “earnáil árachais agus athárachais” nó “earnáil seirbhísí infheistíochtaí”. Mura cuid den earnáil airgeadais é an tairbhí de réir bhrí Airteagal 2(8), sonraigh: “gnóthas eile den ghrúpa”.
C0080	Idirbhearta indíreacha	Más cuid d’idirbheart indíreach é an t-idirbheart inghrúpa tuairiscithe (féach barúlacha ginearálta thuas), tuairiscigh “Aitheantas idirbhirt inghrúpa” (C0010) an idirbhirt ghaolmhair sa chill seo. Má tá níos mó ná dhá idirbheart gaolmhar, is gá cód aitheantais an chéad idirbhirt ghaolmhair a thuairisciú mar thagairt chun na hidirbhearta idircheangailte uile a nascadh. Mura cuid d’idirbheart indíreach é an t-idirbheart inghrúpa tuairiscithe, sonraigh “Níl”.
C0090	Oibríocht eacnamaíoch aonair	Más cuid d’oibríocht eacnamaíoch aonair é an t-idirbheart inghrúpa tuairiscithe (féach Barúlacha ginearálta thuas), tuairiscigh “Aitheantas idirbhirt inghrúpa” (C0010) an idirbhirt ghaolmhair sa chill seo. Má tá níos mó ná dhá idirbheart gaolmhar, is gá cód aitheantais an chéad idirbhirt ghaolmhair a thuairisciú mar thagairt chun na hidirbhearta idircheangailte uile a nascadh. Mura cuid d’oibríocht eacnamaíoch aonair é an t-idirbheart inghrúpa tuairiscithe, sonraigh “Níl”

	ÍTIM	TREORACHA
C0100	Cineál an idirbhirt	Sainaithin an cineál idirbhirt. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 - ráthaíochtaí 2 - gealltanas 3 - litir chreidmheasa 4 - saoráidí creidmheasa neamhtharraingthe 5 - sócmhainní a cheannaítear faoi gchomhaontuithe um réamhcheannach glan amach (airgeadra nó cinn eile); 6 - comhaontuithe um dhíol agus athcheannach sócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 12(3) agus (5) de Threoir 86/635/CEE; 7 - Dliteanais theagmhasacha 8 - ceann eile;
C0110	Dáta eisiúna an idirbhirt	Sainaithin cód ISO 8601 (bbbb-mm-ll) an dáta ar a dtiocfaidh an t-idirbheart/eisiúint i bhfeidhm.
C0120	Dáta éaga an chomhaontaithe/an chonartha faoi bhun an idirbhirt	I gcás inarb infheidhme, sainaithin cód ISO 8601 (bbbb-mm-ll) an dáta ar a dtiocfaidh an comhaontú/conradh chun críche. Más suthain é an dáta éaga, úsáid "9999-12-31".
C0130	Airgeadra an idirbhirt	Sainaithin cód aibítre ISO 4217 an airgeadra inar tharla an t-idirbheart. Má tá dhá airgeadra páirteach ann, sainaithin an dá cheann sa chill barúlacha C0200.
C0140	Teagmhas truicir	I gcás inarb infheidhme, tuairisc ghairid ar an teagmhas a dhéanfadh an t-idirbheart/íocaíocht/dliteanas/dada a thruicearú, e.g. teagmhas a dtarlódh dliteanas teagmhasach dá thoradh.
C0150	Luach an idirbhirt ar an dáta tosaigh	Luach an idirbhirt nó na comhthaobhachta atá geallta ag an dáta tosaigh, a shainaithnítear ar chlár comhardaithe Shócmhainneacht II.
C0160	Luach an idirbhirt ar an dáta tuairiscithe	Luach an idirbhirt nó na comhthaobhachta atá geallta a shainaithnítear ar chlár comhardaithe Shócmhainneacht II ag an dáta tuairiscithe.
C0170	Uasluach féideartha na ndliteanas teagmhasach	Uasluach féideartha dliteanas teagmhasach a áirítear ar chlár comhardaithe Shócmhainneacht II, más féidir, gan beann ar a ndóchúlacht (i.e. sreabhadh airgid todhchaí a bhfuil gá leis chun an dliteanas teagmhasach a shocrú thar shaolré an dliteanais theagmhasaigh sin, arna lascainiú de réir an struchtúir téarma ábhartha agus rátaí úis atá saor ó riosca). Suim gach sreafa airgid fhéideartha dá dtarlódh gach teagmhas a dhéanann ráthaíochtaí a thruicearú i ndáil le ráthaíochtaí arna soláthar ag an "soláthraí" (cill C0020) don "tairbhí" (Cill C0050) chun íoc na ndliteanas atá dlite ag an ngnóthas a ráthú (lena n-áirítear litir chreidmheasa, saoráidí iasachtaíochta geallta neamhtharraingthe). Ní áireofar leis an mír seo méideanna atá tuairiscithe cheana faoi gc0150 agus C0160.
C0180	Luach na sócmhainní faoi ráthaíocht	Luach na sócmhainne faoi ráthaíocht dá bhfaightear na ráthaíochtaí. D'fhéadfadh prionsabail na luachála earnála a bheith ábhartha sa chás seo.
C0190	Ioncaim a eascraíonn as na míreanna atá lasmuigh den chlár comhardaithe	Ioncaim a bhaineann le forálacha an idirbhirt atá lasmuigh den chlár comhardaithe.

	ÍTIM	TREORACHA
C0200	Nótaí	Áireofar an méid a leanas sna nótaí: — fógra mura ndearnadh an t-idirbheart ar neamhthuilleamaí — aon fhaisnéis ábhartha eile maidir le cineál eacnamaíoch na hoibríochta

S.36.04 — IGT — Árachas agus Athárachas

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh eintitis aonair. Leis an teimpléad seo, déanfar gach idirbheart inghrúpa (suntasach, an-suntasach agus idirbhearta a cheanglaítear a thuairisciú i ngach imthoisc) idir eintitis faoi raon feidhme mhaoirseacht an ghrúpa a bhaineann le hárachas agus athárachas inmheánach laistigh den ghrúpa.

Áirítear orthu sin iad seo a leanas ach gan bheith teoranta dóibh:

— Conarthaí árachais eintiteas a thagann faoi raon feidhme an ghrúpa le cuideachtaí árachais a thagann faoi raon feidhme an ghrúpa

— conarthaí athárachais idir gnóthais ghaolmhara grúpa;

— athárachas roghnach idir gnóthais ghaolmhara grúpa; agus

— aon idirbheart eile óna dtagann aistriú riosca frithgheallta (riosca árachais) idir gnóthais ghaolmhara grúpa.

Áireofar ar an teimpléad seo idirbhearta inghrúpa:

— a bhí i bhfeidhm ag tús na tréimhse tuairiscithe.

— a tionscnaíodh le linn na tréimhse tuairiscithe agus gan íoc ar an dáta tuairiscithe.

— a tionscnaíodh agus a chuaigh in éag/tháinig in aibíocht le linn na tréimhse tuairiscithe.

I gcás ina mbeidh dhá idirbheart nó níos mó idir eintitis an ghrúpa, arb éard atá iontu ó thaobh na heacnamaíochta de rannchuidiú leis an riosca céanna nó idirbhearta a fhónann don chríoch/don chuspóir céanna nó idirbhearta atá nasctha go sealadach i bplean; measfar iad a bheith ina n-oibríocht eacnamaíoch aonair.

Agus sin amhlaidh, déanfar gach idirbheart atá ina chuid d'oibríocht eacnamaíoch aonair a thuairisciú cibé uair a bhíonn siad i gcomhpháirt ag an tairseach chomhfhreagrach nó os a cionn le haghaidh idirbhearta inghrúpa suntasacha, fiú má thagann na hidirbhearta faoi bhun na tairsí ina n-aonar.

Tuairisceofar aon ghné a chuirtear le hidirbhearta inghrúpa suntasacha mar idirbheart inghrúpa ar leithligh, fiú má thagann an ghné féin faoi bhun theorann na tairsí suntasaí. Mar shampla, má mhéadaíonn gnóthas méid tosaigh na hiasachta le gnóthas gaolmhar eile, taifeadfar an méid a cuireadh leis an iasacht mar mhír ar leithligh lena dháta eisiúna mar a chéile leis an dáta ar cuireadh léi é.

I gcás ina mbeidh an luach idirbhirt éagsúil le haghaidh dhá pháirtí beartaíochta (e.g. idirbheart EUR 10m idir A agus B ina dtaifeadann A EUR 10m, ach nach bhfaigheann B ach EUR 9,5m toisc gur cuireadh costais idirbhirt dar luach EUR 0,5m leis na costais), is é an t-uasmhéid, EUR 10m sa chás seo, a thuairisceofar sa teimpléad mar mhéid an idirbhirt.

Sainmhíneofar idirbhearta indíreacha mar aon idirbheart lena n-aistrítear neamhchosaintí ar riosca idir eintitis laistigh den ghrúpa lena n-áirítear idirbhearta le meán sainchuspóireach, le gnóthais chomhinfheistíochta, le heintitis choimhdeacha nó le heintitis neamhrialáilte, ach gan bheith teoranta dóibh sin; nó idir eintitis lasmuigh den ghrúpa ach ina dtugtar an neamhchosaint ar riosca ar ais sa deireadh nó ina bhfanann sí laistigh den ghrúpa. I gcás inarb ann do shlabhra idirbheart inghrúpa gaolmhar (e.g. infheistíonn A in B agus infheistíonn B in C), is mar idirbheart indíreach a thuairisceofar an t-idirbheart seo. Dá bhrí sin, déanfar idirbheart A go C a thuairisciú agus luafar an chéim idirmheánach sna nótaí. I gcás cascáid idirbheart, e.g. má théann "A" -> "B" -> "C" -> "D", i gcás ina bhfuil "B" agus "C" araon sa ghrúpa ach inar eintitis neamhrialaithe iad, tuairisceofar an t-idirbheart sin freisin.

ÍTIM		TREORACHA
C0010	Aitheantais an idirbhirt inghrúpa	Cód aitheantais inmheánach uathúil le haghaidh gach idirbhirt inghrúpa. Beidh sé comhsheasmhach le himeacht ama.

ÍTIM		TREORACHA
C0020	Ainm an pháirtí faoi árachas/an árachóra ghéillte	Ainm dlíthiúil an eintitis a d'aistrigh an riosca frithgheallta chuig árachóir nó athárachóir eile laistigh den ghrúpa.
C0030	Cóid aitheantais don pháirtí faoi árachas/árachóir géillte	An cód aitheantais uathúil a chuirtear i gceangal leis an infheisteoir/ceannaitheoir/aistrí leis an ordú tosaíochta seo: — Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI), éigeantach más ann dó; — Cód sonrach i gcás nach ann do chód LEI. Cód sonrach: — I gcás gnóthais rialáilte sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch seachas gnóthais árachais agus athárachais laistigh den ghrúpa: cód aitheantais a úsáidtear sa mhargadh áitiúil, sannta ag údarás maoirseachta inniúil an ghnóthais; — I gcás gnóthais neamh-LEE agus gnóthais atá neamhrialáilte laistigh den ghrúpa, is é an grúpa a chuirfidh an cód aitheantais ar fáil. Agus cód aitheantais á leithdháileadh ar gach gnóthas neamh-LEE nó neamhrialáilte, comhlíonfaidh an grúpa an fhormáid seo a leanas ar bhealach comhsheasmhach: cód aitheantais an mháthairghnóthais + cód alfa-2 ISO 3166-1 thír an ghnóthais + 5 dhigit.
C0031	An cineál cóid don pháirtí faoi árachas/árachóir géillte	An cineál cóid aitheantais a úsáidtear le haghaidh na míre "Cód aitheantais don infheisteoir/iasachtóir". Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – LEI 2 – Cód sonrach
C0040	Earnáil an pháirtí faoi árachas/an árachóra ghéillte	Más cuid den earnáil airgeadais é an páirtí faoi árachas/an t-árachóir géillte de réir bhrí Airteagal 2(8) de Threoir 2002/87/CE, sonraigh: "earnáil baincéireachta", "earnáil árachais agus athárachais" nó "earnáil seirbhísí infheistíochtaí". Mura cuid den earnáil airgeadais é an páirtí faoi árachas/an t-árachóir géillte de réir bhrí Airteagal 2(8), sonraigh: "gnóthas eile den ghrúpa".
C0050	Ainm an Árachóra/Athárachóra	Ainm dlíthiúil an árachóra/athárachóra chuig ar aistríodh an riosca frithgheallta.
C0060	Cód aitheantais an árachóra/athárachóra	An cód aitheantais uathúil a chuirtear i gceangal leis an infheisteoir/ceannaitheoir/aistrí leis an ordú tosaíochta seo: — Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI), éigeantach más ann dó; — Cód sonrach i gcás nach ann do chód LEI. Cód sonrach: — I gcás gnóthais rialáilte sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch seachas gnóthais árachais agus athárachais laistigh den ghrúpa: cód aitheantais a úsáidtear sa mhargadh áitiúil, sannta ag údarás maoirseachta inniúil an ghnóthais; — I gcás gnóthais neamh-LEE agus gnóthais atá neamhrialáilte laistigh den ghrúpa, is é an grúpa a chuirfidh an cód aitheantais ar fáil. Agus cód aitheantais á leithdháileadh ar gach gnóthas neamh-LEE nó neamhrialáilte, comhlíonfaidh an grúpa an fhormáid seo a leanas ar bhealach comhsheasmhach: cód aitheantais an mháthairghnóthais + cód alfa-2 ISO 3166-1 thír an ghnóthais + 5 dhigit

ÍTIM		TREORACHA
C0061	An cineál cóid árachóra/athárachóra	An cineál cóid aitheantais a úsáidtear le haghaidh na míre "Cód aitheantais an árachóra/athárachóra". Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – LEI 2 – Cód sonrach
C0070	Earnáil an árachóra/athárachóra	Earnáil airgeadais an tsoláthraí de réir bhrí Airteagal 2(8) de Threoir 2002/87/CE, i.e. "an earnáil árachais agus athárachais". Coimeádadh an colún seo chun é a ailíniú leis na teimpléid a úsáidtear ar leibhéal ilchuideachta airgeadais.
C0080	Idirbhearta indíreacha	Más cuid d'idirbheart indíreach é an t-idirbheart inghrúpa tuairiscithe (féach barúlacha ginearálta thuas), tuairiscigh "Aitheantas idirbhirt inghrúpa" (C0010) an idirbhirt ghaolmhair sa chill seo. Má tá níos mó ná dhá idirbheart gaolmhar, is gá cód aitheantais an chéad idirbhirt ghaolmhair a thuairisciú mar thagairt chun na hidirbhearta idircheangailte uile a nascadh. Mura cuid d'idirbheart indíreach é an t-idirbheart inghrúpa tuairiscithe, sonraigh "Níl".
C0090	Oibríocht eacnamaíoch aonair	Más cuid d'oibríocht eacnamaíoch aonair é an t-idirbheart inghrúpa tuairiscithe (féach Barúlacha ginearálta thuas), tuairiscigh "Aitheantas idirbhirt inghrúpa" (C0010) an idirbhirt ghaolmhair sa chill seo. Má tá níos mó ná dhá idirbheart gaolmhar, is gá cód aitheantais an chéad idirbhirt ghaolmhair a thuairisciú mar thagairt chun na hidirbhearta idircheangailte uile a nascadh. Mura cuid d'oibríocht eacnamaíoch aonair é an t-idirbheart inghrúpa tuairiscithe, sonraigh "Níl".
C0100	An cineál idirbhirt	Sainaithin an cineál conartha. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 - árachas 2 - athárachas
C0110	Idirbheart	Má tá C0100 = athárachas, ansin sainaithin an cineál conartha athárachais. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 - sciar den chuóta 2 - sciar athraitheach den chuóta 3 - barrachas 4 - barrachas caillteanais (in aghaidh an teagmhais agus ina aghaidh an riosca) 5 - barrachas caillteanais (in aghaidh an riosca) 6 - barrachas caillteanais (in aghaidh an teagmhais) 7 - barrachas caillteanais "cúltaca" (cosaint in aghaidh teagmhas leantach inar féidir le tubaistí áirithe a bheith ina gcúis leo mar shampla tuilte nó dóiteán) 8 - barrachas caillteanais ag a bhfuil riosca boinn 9 - cumhdach athchuir 10 - barrachas comhiomlán caillteanais 11 - barrachas neamhtheoranta caillteanais

ÍTIM		TREORACHA
		12 - stad le caillteanas 13 - conarthaí comhréireacha eile 14 - conarthaí neamhréireacha eile 15 - Athárachas airgeadais 16 - Comhréireach roghnach 17 - Neamhréireach roghnach Is féidir Conarthaí comhréireacha eile (cód 13) agus Conarthaí neamhréireacha eile (cód 14) a úsáid le haghaidh cineálacha hibrideacha de chonarthaí athárachais.
C0120	Dáta tosaigh	Sainaithin cód ISO 8601 (bbbb-mm-ll) do dháta tosach feidhme an chonartha athárachais shonraigh.
C0130	Dáta éaga	Sainaithin cód ISO 8601 (bbbb-mm-ll) do dháta éaga an chonartha athárachais shonraigh (i.e. an dáta deiridh ar a mbeidh an conradh athárachais sonrach i bhfeidhm). Ní thuairiscítear an mhír sin mura bhfuil aon dáta éaga ann (conradh leanúnach atá ann, mar shampla, agus ní thiocfaidh deireadh leis ach nuair a thabharfaidh ceann de na páirtithe fógra faoi sin).
C0140	Airgeadra an idirbhirt	Sainaithin cód aibítre ISO 4217 an airgeadra inar tharla na híocaíochtaí don chonradh athárachais sonrach.
C0150	Uaschumhdach de réir idirbhirt	I gcás sciar de chuóta nó conradh barrachais, maítear anseo 100 % den uasmhéid socraithe le haghaidh an chonartha ina iomláine (e.g. EUR 10 milliún). I gcás cumhdaigh neamhtheoranta, líonfar isteach "-1" anseo. Ní foláir an mhír seo a thuairisciú in airgeadra an idirbhirt.
C0160	Glanearraí Infhaighte	Leanann an méid astu seo a leanas: éilimh arna n-íoc ag an (ath)árachóir ach nach bhfuil aisíoctha go fóill ag an (ath)árachóir + coimisiúin atá le híoc ag an (ath) árachóir + méideanna in-aisghabhála eile lúide fiachais ag an (ath)árachóir. Eisiatar taiscí airgid thirim agus measfar mar ráthaíochtaí faighte iad.
C0170	Méideanna in-aisghabhála iomlána ón athárachas	An méid iomlán atá dlite ón athárachóir ar an dáta maidir le tuairisciú, lena n-áirítear: Foráil maidir le préimh don chuid den phréimh athárachais todhchaí atá íoctha leis an athárachóir cheana; Foráil maidir le héilimh atá gan íoc ag an árachóir nach foláir don athárachóir iad a íoc; agus/nó Forálacha teicniúla don mhéid ina léirítear sciar an athárachóra sna forálacha teicniúla comhlána.
C0180	Toradh teicniúil athárachais (le haghaidh athárachais)	Toradh athárachais (le haghaidh eintiteas faoi athárachas): Coimisiúin athárachais iomlána a fuair an t-eintiteas faoi athárachas lúide préimheanna athárachais comhlána a d'íoc an t-eintiteas faoi athárachas móide na héilimh a d'íoc an t-athárachóir le linn na tréimhse tuairiscithe móide méideanna iomlána in-aisghabhála ón athárachas ag deireadh na tréimhse tuairiscithe lúide Méideanna in-aisghabhála iomlána ag tús na tréimhse tuairiscithe.
C0190	Préimheanna (le haghaidh árachais)	Méid iomlán na bpréimheanna comhlána i scríbhinn mar a shainmhínítear in Airteagal 1(11) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35. Níl feidhm ag an gcill seo maidir le blianachtaí a eascraíonn as árachas neamhshaoil.

ÍTIM		TREORACHA
C0200	Éilimh (le haghaidh árachais)	Méid iomlán na n-olléileamh a íocadh le linn na bliana, lena n-áirítear caiteachais um bainistíocht éileamh.
C0210	Réim ghnó	Sainaithin an réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, atá faoi athárachas. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 — Árachas maidir le caiteachas leighis 2 — Árachas cosanta ioncaim 3 — Árachas gortuithe tionsclaíocha 4 — Árachas dliteanais mótarfheithicle 5 — Árachas mótair eile 6 — Árachas muirí, eitlíochta agus iompair 7 — Árachas dóiteáin agus árachas le haghaidh damáiste eile do mhaoin 8 — Árachas dliteanais ghinearálta 9 — Árachas creidmheasa agus urraíochta 10 — Árachas maidir le costais dlí 11 — Cúnamh 12 — Caillteanas airgeadais ilghnéitheach 13 — Athárachas comhréireach caiteachais leighis 14 — Athárachas comhréireach cosanta ioncaim 15 — Athárachas comhréireach um ghortuithe tionsclaíocha 16 — Athárachas comhréireach um dhliteanas mótarfheithiclí 17 — Athárachas mótair comhréireach eile 18 — Athárachas comhréireach muirí, eitlíochta agus iompair 19 — Athárachas comhréireach dóiteáin agus le haghaidh damáiste eile do mhaoin 20 — Athárachas comhréireach dliteanais ghinearálta 21 — Athárachas comhréireach creidmheasa agus urraíochta 22 — Athárachas comhréireach costas dlí 23 — Athárachas comhréireach cúnaimh 24 — Athárachas comhréireach ilghnéitheach caillteanais airgeadais 25 — Athárachas sláinte neamhréireach 26 — Athárachas taisme neamhréireach 27 — Athárachas neamhréireach muirí, eitlíochta agus iompair 28 — Athárachas neamhréireach maoine 29 — Árachas le comhroinnt brabúis 30 — Árachas innéacsnasctha agus aonadnasctha 31 — Árachas saoil eile

ÍTIM		TREORACHA
		32 — Blianachtaí ag eascairt as conarthaí árachais neamhshaoil agus a bhaineann le hoibleagáidí árachais sláinte 33 — Blianachtaí ag eascairt as conarthaí árachais neamhshaoil agus a bhaineann le hoibleagáidí árachais seachas oibleagáidí árachais sláinte 34 — Athárachas saoil 35 — Árachas sláinte 36 — Athárachas sláinte Má chlúdaítear le comhshocrú athárachais níos mó ná líne ghnó amháin, ansin roghnaigh an réim ghnó is suntasaí ón liosta thuas.
C0220	Nótaí	Áireofar an méid a leanas sna nótaí: — fógra mura ndearnadh an t-idirbheart ar neamhthuilleamaí — aon fhaisnéis ábhartha eile maidir le cineál eacnamaíoch na hoibríochta

S.36.05 — IGT — Brabús agus Caillteanas

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh eintitis aonair.

Leis an teimpléad seo, déanfar an brabús agus caillteanas atá bainteach le gach idirbheart inghrúpa (suntasach, an-suntasach agus idirbhearta a cheanglaítear a thuairisciú i ngach imthoisc) idir eintitis faoi raon feidhme mhaoirseacht an ghrúpa a bhaineann le hárachas agus athárachas inmheánach laistigh den ghrúpa nó idirbhearta brabúis agus caillteanais a bhreithnítear a bheith ina n-idirbhearta inghrúpa suntasacha nó an-suntasacha nó ina n-idirbhearta a cheanglaítear a thuairisciú i ngach imthoisc. Áirítear orthu sin iad seo a leanas ach gan bheith teoranta dóibh:

— Táillí;

— Coimisiúin;

— Ús;

— Díbhinní.

Tuairisceofar seachfhoinsiú inghrúpa nó cionroinnt costas inmheánach as a leanann idirbhearta inghrúpa suntasacha.

Cé go dtuairiscítear ús, díbhinní in S.36.01, S.36.02 ní mór iad a thuairisciú de bhreis orthu sin in S.36.05 brabús agus caillteanas.

Áireofar ar an teimpléad seo idirbhearta inghrúpa:

— a bhí i bhfeidhm ag tús na tréimhse tuairiscithe.

— a tionscnaíodh le linn na tréimhse tuairiscithe agus gan íoc ar an dáta tuairiscithe.

— a tionscnaíodh agus a chuaigh in éag/tháinig in aibíocht le linn na tréimhse tuairiscithe.

I gcás ina mbeidh dhá idirbheart nó níos mó idir eintitis an ghrúpa, arb éard atá iontu ó thaobh na heacnamaíochta de rannchuidiú leis an riosca céanna nó idirbhearta a fhónann don chríoch/don chuspóir céanna nó idirbhearta atá nasctha go sealadach i bplean; measfar iad a bheith ina n-oibríocht eacnamaíoch aonair.

Agus sin amhlaidh, déanfar gach idirbheart atá ina chuid d'oibríocht eacnamaíoch aonair a thuairisciú cibé uair a bhíonn siad i gcomhpháirt ag an tairseach chomhfhreagrach nó os a cionn le haghaidh idirbhearta inghrúpa suntasacha, fiú má thagann na hidirbhearta faoi bhun na tairsí ina n-aonar.

Tuairisceofar aon ghné a chuirtear le hidirbhearta inghrúpa suntasacha mar idirbheart inghrúpa ar leithligh, fiú má thagann an ghné féin faoi bhun theorann na tairsí suntasaí. Mar shampla, má mhéadaíonn gnóthas méid tosaigh na hiasachta le gnóthas gaolmhar eile, taifeadfar an méid a cuireadh leis an iasacht mar mhír ar leithligh lena dháta eisiúna mar a chéile leis an dáta ar cuireadh léi é.

I gcás ina mbeidh an luach idirbhirt éagsúil le haghaidh dhá pháirtí beartaíochta (e.g. idirbheart EUR 10m idir A agus B ina dtaifeadann A EUR 10m, ach nach bhfaigheann B ach EUR 9,5m toisc gur cuireadh costais idirbhirt dar luach EUR 0,5m leis na costais), is é an t-uasmhéid, EUR 10m sa chás seo, a thuairisceofar sa teimpléad mar mhéid an idirbhirt.

Sainmhíneofar idirbhearta indíreacha mar aon idirbheart lena n-aistrítear neamhchosaintí ar riosca idir eintitis laistigh den ghrúpa lena n-áirítear idirbhearta le meán sainchuspóireach, le gnóthais chomhinfheistíochta, le heintitis choimhdeacha nó le heintitis neamhrialáilte, ach gan bheith teoranta dóibh sin; nó idir eintitis lasmuigh den ghrúpa ach ina dtugtar an neamhchosaint ar riosca ar ais sa deireadh nó ina bhfanann sí laistigh den ghrúpa. I gcás inarb ann do shlabhra idirbheart inghrúpa gaolmhar (e.g. infheistíonn A in B agus infheistíonn B in C), is mar idirbheart indíreach a thuairisceofar an t-idirbheart seo. Dá bhrí sin, déanfar idirbheart A go C a thuairisciú agus luafar an chéim idirmheánach sna nótaí. I gcás cascáid idirbheart, e.g. má théann "A" -> "B" -> "C -> "D", i gcás ina bhfuil "B" agus "C" araon sa ghrúpa ach inar eintitis neamhrialaithe iad, tuairisceofar an t-idirbheart sin freisin.

ÍTIM		TREORACHA
C0010	Aitheantas an idirbhirt inghrúpa	Cód aitheantais inmheánach uathúil le haghaidh gach idirbhirt inghrúpa. Beidh sé comhsheasmhach le himeacht ama. I gcás a bhaineann le hidirbhearta atá luaite cheana, úsáid an t-aitheantas céanna.
C0020	Ainm thaobh an ioncaim	Ainm dlíthiúil an eintitis a fuair an t-ioncam ó eintiteas eile laistigh den ghrúpa.
C0030	Cóid aitheantais do thaobh an ioncaim	An cód aitheantais uathúil a chuirtear i gceangal leis an eintiteas a fuair an t-ioncam leis an ord tosaíochta seo: — Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI), éigeantach más ann dó; — Cód sonrach i gcás nach ann do chód LEI Cód sonrach: — I gcás gnóthais rialáilte sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch seachas gnóthais árachais agus athárachais laistigh den ghrúpa: cód aitheantais a úsáidtear sa mhargadh áitiúil, sannta ag údarás maoirseachta inniúil an ghnóthais; — I gcás gnóthais neamh-LEE agus gnóthais atá neamhrialáilte laistigh den ghrúpa, is é an grúpa a chuirfidh an cód aitheantais ar fáil. Agus cód aitheantais á leithdháileadh ar gach gnóthas neamh-LEE nó neamhrialáilte, comhlíonfaidh an grúpa an fhormáid seo a leanas ar bhealach comhsheasmhach: cód aitheantais an mháthairghnóthais + cód alfa-2 ISO 3166-1 thír an ghnóthais + 5 dhigit
C0031	Cineál an chóid do thaobh an ioncaim	Cineál an Chóid Aitheantais a úsáidtear le haghaidh na míre "Cód aitheantais do thaobh an ioncaim". Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – LEI 2 – Cód sonrach
C0040	Earnáil thaobh an ioncaim	Más cuid den earnáil airgeadais é an t-eintiteas a fuair an t-ioncam ó eintiteas eile laistigh den ghrúpa de réir bhrí Airteagal 2(8) de Threoir 2002/87/CE, sonraigh: "earnáil baincéireachta", "earnáil árachais agus athárachais" nó "earnáil seirbhísí infheistíochtaí". Mura cuid den earnáil airgeadais é an t-eintiteas a fuair an t-ioncam ó eintiteas eile laistigh den ghrúpa de réir bhrí Airteagal 2(8), sonraigh: "gnóthas eile den ghrúpa".
C0050	Ainm thaobh an chaiteachais	Ainm dlíthiúil an eintitis a sholáthair an t-ioncam d'eintiteas eile laistigh den ghrúpa.

ÍTIM		TREORACHA
C0060	Cóid aitheantais do thaobh an chaiteachais	An cód aitheantais uathúil a chuirtear i gceangal leis an eintiteas a sholáthair an t-ioncam san ord tosaíochta seo más ann dó: — Aitheantóir an Eintitis Dhlítheanaigh (LEI); — Cód sonrach Cód sonrach: — I gcás gnóthais rialáilte sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch laistigh den ghrúpa: cód aitheantais a úsáidtear sa mhargadh áitiúil, sannta ag údarás maoirseachta inniúil an ghnóthais; — I gcás gnóthais neamh-LEE agus gnóthais atá neamhrialáilte laistigh den ghrúpa, is é an grúpa a chuirfidh an cód aitheantais ar fáil. Agus cód aitheantais á leithdháileadh ar gach gnóthas neamh-LEE nó neamhrialáilte, comhlíonfaidh an grúpa an fhormáid seo a leanas ar bhealach comhsheasmhach: cód aitheantais an mháthairghnóthais + cód alfa-2 ISO 3166-1 thír an ghnóthais + 5 dhigit.
C0061	Cineál an chóid do thaobh an chaiteachais	Cineál an Chóid Aitheantais a úsáidtear le haghaidh na míre “Cód aitheantais do thaobh an chaiteachais”. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – LEI 2 – Cód sonrach
C0070	Earnáil thaobh an chaiteachais	Más cuid den earnáil airgeadais é an t-eintiteas a sholáthair an t-ioncam d’eintiteas eile laistigh den ghrúpa de réir bhrí Airteagal 2(8) de Threoir 2002/87/CE, sonraigh: “earnáil baincéireachta”, “earnáil árachais agus athárachais” nó “earnáil seirbhísí infheistíochtaí”. Mura cuid den earnáil airgeadais é an t-eintiteas a sholáthair an t-ioncam d’eintiteas eile laistigh den ghrúpa de réir bhrí Airteagal 2(8), sonraigh: “gnóthas eile den ghrúpa”.
C0080	Idirbhearta indíreacha	Más cuid d’idirbheart indíreach é an t-idirbheart inghrúpa tuairiscithe (féach barúlacha ginearálta thuas), tuairiscigh “Aitheantas idirbhirt inghrúpa” (C0010) an idirbhirt ghaolmhair sa chill seo. Má tá níos mó ná dhá idirbheart gaolmhar, is gá cód aitheantais an chéad idirbhirt ghaolmhair a thuairisciú mar thagairt chun na hidirbhearta idircheangailte uile a nascadh. I gcás inarb amhlaidh nach cuid d’idirbheart indíreach é an t-idirbheart inghrúpa tuairiscithe, tabhair le fios “NÍL”.
C0090	Oibríocht eacnamaíoch aonair	Más cuid d’oibríocht eacnamaíoch aonair é an t-idirbheart inghrúpa tuairiscithe (féach Barúlacha ginearálta thuas), tuairiscigh “Aitheantas idirbhirt inghrúpa” (C0010) an idirbhirt ghaolmhair sa chill seo. Má tá níos mó ná dhá idirbheart gaolmhar, is gá cód aitheantais an chéad idirbhirt ghaolmhair a thuairisciú mar thagairt chun na hidirbhearta idircheangailte uile a nascadh. Mura cuid d’oibríocht eacnamaíoch aonair é an t-idirbheart inghrúpa tuairiscithe, sonraigh “Níl”.
C0100	An cineál idirbhirt	Sainaithin an cineál den idirbheart brabúis agus caillteanais. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 - Táillí; 2 - Coimisiún; 3 - Ús;

ÍTIM		TREORACHA
		4 - Díbhinní; 5 - Costais nó ioncaim; 6 - Cinn eile
C0110	Idirbheart	De réir mar is infheidhme, an ionstraim lena bhfuil an t-ioncam nó an caiteachas nasctha. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 - Bannaí/Fiachas; 2 - Cineál cothromais; 3 - Aistriú sócmhainní eile 4 - Díorthach; 5 - Mír lasmuigh den chlár comhardaithe; 6 - Seachfhoinsiú inghrúpa, comhroinnt costas inmheánach nó comhaontú cíosa; 7 - Cinn eile
C0120	Airgeadra an idirbhirt	Sainaithin cód aibítre ISO 4217 an airgeadra inar tharla na híocaíochtaí don idirbheart P&L sonrach.
C0130	Dáta an idirbhirt	Sainaithin cód ISO 8601 (bbbb-mm-ll) dháta tosach feidhme an idirbhirt brabúis agus caillteanais.
C0140	Méid	Méid an idirbhirt nó an phraghais de réir comhaontú/conradh, arna thuairisciú in airgeadra tuairiscithe an ghrúpa.
C0150	Nótaí	Áireofar an méid a leanas sna nótaí: — fógra mura ndearnadh an t-idirbheart ar neamhthuilleamaí — aon fhaisnéis ábhartha eile maidir le cineál eacnamaíoch na hoibríochta.

IARSCRÍBHINN III

Treoracha maidir le teimpléid tuairiscithe le haghaidh grúpaí

Tá treoracha san Iarscríbhinn seo i ndáil leis na teimpléid a áirítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo. Sainaithnítear sa chéad cholún de na táblaí na míreanna a bheidh le tuairisciú trí na colúin agus na rónna mar a thaispeántar iad sa teimpléad in Iarscríbhinn I a shainaithint.

Na teimpléid a líonfar isteach i gcomhréir leis na treoracha sna ranna difriúla den Iarscríbhinn seo, tagraítear dóibh mar "an teimpléad seo" ar fud théacs na hIarscríbhinne.

Gach tagairt d'Airteagail, ba cheart dóibh tagairt do Threoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le gabháil le gnó an árachais agus an athárachais agus an gnó sin a shaothrú (Sócmhainneacht II) mura sonraítear a mhalairt.

S.01.01 — Ábhar an mhéid arna chur isteach

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach ráithiúil agus bliantúil faisnéise le haghaidh grúpaí, cistí imfhálaithe, punanna meaitseála agus an chuid atá fágtha ar leibhéal grúpa.

Nuair a bhíonn réasúnú speisialta ag teastáil, ní dhéanfar an míniú a chur isteach laistigh den teimpléad tuairiscithe ach beidh sé mar chuid den idirphlé leis na húdaráis náisiúnta inniúla.

I gcás ina gcuirtear teimpléad isteach gan ach nialais ann nó gan figiúr ar bith ann, ansin ba cheart ceann de na roghanna "neamhthuairiscithe" a léiriú in S.01.01.

	ÍTIM	TREORACHA
Z0010	Ciste imfhálaithe/punann mheaitseála/an chuid atá fágtha	Léirítear ann cibé acu a bhaineann na figiúirí a thuairiscítear le ciste imfhálaithe ("RFF"), le punann coigeartaithe meaitseála ("MAP") nó leis an gcuid atá fágtha. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — RFF/MAP 2 — An chuid atá fágtha
Z0020	Uimhir Chiste/Phunainne	I gcás mír Z0010 = 1, uimhir aitheantais le haghaidh ciste imfhálaithe nó punann mheaitseála. An gnóthas a shannann an uimhir sin, agus ní mór di a bheith comhsheasmhach le himeacht ama agus leis an uimhir chiste/phunainne a thuairiscítear i dteimpléid eile.
C0010/R0010	S.01.02 — Bunfhaisnéis — Ginearálta	Déanfar tuairisciú ar an teimpléad seo i gcónaí. Is é seo an t-aon rogha fhéideartha: 1 — Tuairisc tugtha
C0010/R0020	S.01.03 — Bunfhaisnéis — RFF agus punanna coigeartaithe meaitseála	Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Tuairisc tugtha 2 — Gan tuairisc tugtha toisc nach ann d'aon RFF ná MAP 13 — Gan tuairisc tugtha toisc go n-úsáidtear modh 2 go heisiach 0 — Gan tuairisc tugtha i ngeall ar chúis eile (beidh réasúnú speisialta de dhíth sa chás seo)

	ÍTIM	TREORACHA
C0010/R0030	S.02.01 — Clár comhardaithe	Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Tuairisc tugtha 6 — Díolmhaithe faoi Airteagal 254(2) 13 — Gan tuairisc tugtha toisc go n-úsáidtear modh 2 go heisiach 0 — Gan tuairisc tugtha i ngeall ar chúis eile (beidh réasúnú speisialta de dhíth sa chás seo)
C0010/R0040	S.02.02 — Dliteanais de réir airgeadra	Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Tuairisc tugtha 3 — Ní gá é a thuairisciú i gcomhréir le treoracha an teimpléid 13 — Gan tuairisc tugtha toisc go n-úsáidtear modh 2 go heisiach 0 — Gan tuairisc tugtha i ngeall ar chúis eile (beidh réasúnú speisialta de dhíth sa chás seo)
C0010/R0060	S.03.01. — Míreanna lasmuigh den chlár comhardaithe — ginearálta	Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Tuairisc tugtha 2 — Gan tuairisc tugtha toisc nach ann d'aon mhír lasmuigh den chlár comhardaithe 3 — Gan tuairisc tugtha de bharr luach na ráthaíochta/na comhthaobhachta/dliteanas teagmhasach a bheith faoin tairseach agus ní sholáthraítear ná ní fhaightear aon ráthaíocht gan teorainn mar a shonraítear i dtreoracha an teimpléid 0 — Gan tuairisc tugtha i ngeall ar chúis eile (beidh réasúnú speisialta de dhíth sa chás seo)
C0010/R0110	S.05.01 — Préimheanna, éilimh agus costais de réir líne ghnó	Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Tuairisc tugtha 6 — Díolmhaithe faoi Airteagal 254(2) 0 — Gan tuairisc tugtha i ngeall ar chúis eile (beidh réasúnú speisialta de dhíth sa chás seo)
C0010/R0120	S.05.02 — Préimheanna, éilimh agus costais de réir tíre	Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Tuairisc tugtha 3 — Ní gá é a thuairisciú i gcomhréir le treoracha an teimpléid 0 — Gan tuairisc tugtha i ngeall ar chúis eile (beidh réasúnú speisialta de dhíth sa chás seo)
C0010/R0140	S.06.02 — Liosta sócmhainní	Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Tuairisc tugtha 6 — Díolmhaithe faoi Airteagal 254(2) 7 — Ní gá é a thuairisciú gach bliain mar tuairiscíodh é le haghaidh Ráithe 4 (níl an rogha seo infheidhme ach amháin maidir le faisnéis a chuirtear isteach go bliantúil) 0 — Gan tuairisc tugtha i ngeall ar chúis eile (beidh réasúnú speisialta de dhíth sa chás seo)

	ÍTIM	TREORACHA
C0010/R0150	S.06.03 — Gnóthais chomhinfheistíochta — cur chuige na trédhearcachta	Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Tuairisc tugtha 2 — Gan tuairisc tugtha toisc gan aon Ghnóthas chomhinfheistíochta a bheith ann 3 — Ní gá é a thuairisciú i gcomhréir le treoracha an teimpléid 6 — Díolmhaithe faoi Airteagal 254(2) 7 — Ní gá é a thuairisciú gach bliain mar tuairiscíodh é le haghaidh Ráithe 4 (níl an rogha seo infheidhme ach amháin maidir le faisnéis a chuirtear isteach go bliantúil) 0 — Gan tuairisc tugtha (beidh réasúnú speisialta de dhíth sa chás seo)
C0010/R0160	S.07.01 — Táirgí struchtúrtha	Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Tuairisc tugtha 2 — Gan tuairisc tugtha toisc nach ann d'aon táirge struchtúrtha 3 — Ní gá é a thuairisciú i gcomhréir le treoracha an teimpléid 6 — Díolmhaithe faoi Airteagal 254(2) 0 — Gan tuairisc tugtha i ngeall ar chúis eile (beidh réasúnú speisialta de dhíth sa chás seo)
C0010/R0170	S.08.01 — Díorthaigh oscailte	Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Tuairisc tugtha 2 — Gan tuairisc tugtha toisc nach ann d'aon idirbheart díorthach 6 — Díolmhaithe faoi Airteagal 254(2) 7 — Ní gá é a thuairisciú gach bliain mar tuairiscíodh é le haghaidh Ráithe 4 (níl an rogha seo infheidhme ach amháin maidir le faisnéis a chuirtear isteach go bliantúil) 0 — Gan tuairisc tugtha i ngeall ar chúis eile (beidh réasúnú speisialta de dhíth sa chás seo)
C0010/R0190	S.09.01 — Ioncam/gnóthachain agus caillteanais sa tréimhse	Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Tuairisc tugtha 0 — Gan tuairisc tugtha i ngeall ar chúis eile (beidh réasúnú speisialta de dhíth sa chás seo)
C0010/R0200	S.10.01 — Iasacht urrús agus idirbhearta athcheannaigh	Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Tuairisc tugtha 2 — Gan tuairisc tugtha toisc nach ann d'aon iasacht urrús ná idirbheart athcheannaigh 3 — Ní gá é a thuairisciú i gcomhréir le treoracha an teimpléid 6 — Díolmhaithe faoi Airteagal 254(2) 0 — Gan tuairisc tugtha i ngeall ar chúis eile (beidh réasúnú speisialta de dhíth sa chás seo)

	ÍTIM	TREORACHA
C0010/R0210	S.11.01 — Sócmhainní arna sealbhú mar chomhthaobhacht	Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Tuairisc tugtha 2 — Gan tuairisc tugtha toisc nach ann d'aon sócmhainn arna sealbhú mar chomhthaobhacht 6 — Díolmhaithe faoi Airteagal 254(2) 0 — Gan tuairisc tugtha i ngeall ar chúis eile (beidh réasúnú speisialta de dhíth sa chás seo)
C0010/R0370	S.22.01 — Tionchar na mbeart agus na n-idirthréimhsí ráthaíochtaí fadtéarmacha	Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Tuairisc tugtha 2 — Gan tuairisc tugtha mar ní chuirtear i bhfeidhm aon ráthaíocht fhadtéarmach ("LTG") ná beart idirthréimhseach 0 — Gan tuairisc tugtha i ngeall ar chúis eile (beidh réasúnú speisialta de dhíth sa chás seo)
C0010/R0410	S.23.01 — Cistí dílse	Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Tuairisc tugtha 6 — Díolmhaithe faoi Airteagal 254(2) 0 — Gan tuairisc tugtha i ngeall ar chúis eile (beidh réasúnú speisialta de dhíth sa chás seo)
C0010/R0420	S.23.02 — Faisnéis mhionsonraithe de réir leibhéal ar chistí dílse	Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Tuairisc tugtha 13 — Gan tuairisc tugtha toisc go n-úsáidtear modh 2 go heisiach 0 — Gan tuairisc tugtha i ngeall ar chúis eile (beidh réasúnú speisialta de dhíth sa chás seo)
C0010–C0020/R0170	Urrúis chomhthaobhaithe	Urrúis a ndíorthaítear a luach agus a n-íocaíochtaí ó phunann bunsócmhainní. Áirítear leo Urrúis Shócmhainn-Bhunaithe (“ABS”), Urrúis de bhun Morgáistí (“MBS”), Urrúis Thráchtálacha le Taca Morgáistí (“CMBS”), Oibleagáidí Fiachais atá Comhthaobhaithe (“CDO”), Oibleagáidí Iasachta atá Comhthaobhaithe (“CLO”), Oibleagáidí Morgáiste atá Comhthaobhaithe (“CMO”). Maidir leis an gcolún “luach na gcuntas reachtúil” (C0020), i gcás— nach bhfuil an deighilt idir bannaí, táirgí struchtúrtha agus urrúis chomhthaobhaithe le fáil, ní thuairisceofar an mhír seo.
C0010–C0020/R0180	Gnóthais Chomhinfheistíochta	Ciallaíonn “gnóthas comhinfheistíochta” gnóthas le haghaidh comhinfheistíochta in urrúis inaistrithe (“GCUI”) mar a shainmhínítear in Airteagal 1(2) de Threoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle nó ciste infheistíochta malartach (“CIM”) mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (a), de Threoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.
C0010–C0020/R0190	Díorthaigh	Ionstraim airgeadais nó conradh eile ag a bhfuil na trí shaintréith uile seo a leanas: (a) Athraíonn a luach mar fhreagairt ar an athrú ar ráta úis sonraithe, ar phraghas na hionstraime airgeadais, ar phraghas tráchtearraí, ar an ráta malairte eachtraí, ar an innéacs praghsanna nó rátaí, ar an rátáil chreidmheasa nó innéacs creidmheasa, nó ar athróg eile, ar choinníoll i gcás athróige neamhairgeadais, nach mbaineann an athróg go sonrach le páirtí sa chonradh (ar a dtugtar an “athróg fholuiteach” uaireanta). (b) Ní cheanglaítear leis aon ghlaninfheistíocht tosaigh ná glaninfheistíocht tosaigh ar lú í ná a cheanglófaí le haghaidh chineálacha eile conarthaí a mbeadh coinne leis go mbeadh freagairt den chineál céanna acu agus a bheadh ag athruithe ar thosca an mhargaidh. (c) Socraítear ar dháta sa todhchaí é. Ní dhéantar luach Shócmhainneacht II, ach amháin má tá sé deimhneach, den díorthach ón dáta tuairiscithe a thuairisciú anseo (i gcás luach diúltach, féach R0790).
C0010–C0020/R0200	Taiscí seachas coibhéisí airgid thirim	Taiscí seachas taiscí inaistrithe, nach féidir a úsáid chun íocaíochtaí a dhéanamh roimh dháta aibíocht sonrach agus nach bhfuil inaistrithe ar airgeadra ná taiscí inaistrithe gan aon chineál sriain ná pionóis shuntasaigh.
C0010–C0020/R0210	Infheistíochtaí eile	Infheistíochtaí eile nach bhfuil cumhdaithe cheana féin laistigh d’infheistíochtaí arna dtuairisciú thuas.
C0010–C0020/R0220	Sócmhainní arna sealbhú le haghaidh conarthaí innéacsnasctha agus conarthaí aonadnasctha	Sócmhainní arna sealbhú le haghaidh conarthaí innéacsnasctha agus aonadnasctha (atá aicmithe i líne ghnó 31 mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35).
C0010–C0020/R0230	Iasachtaí agus morgáistí	Is é sin méid iomlán na n-iasachtaí agus na morgáistí, i.e. sócmhainní airgeadais a chruthaítear nuair a thugann gnóthais cistí ar iasacht, le comhthaobhacht nó dá huireasa, lena n-áirítear linnte airgid. Maidir leis an gcolún “Luach na gcuntas reachtúil” (C0020) — i gcás nach bhfuil an deighilt iasachtaí agus morgáistí le fáil, léireofar an tsuim leis an mír seo.

	ÍTIM	TREORACHA
C0010–C0020/R0240	Iasachtaí ar pholasaithe	Iasachtaí a dhéantar le sealbhóirí polasaithe, comhthaobhaithe ar pholasaithe (bun-fhorálacha teicniúla). Maidir leis an gcolún "luach na gcuntas reachtúil" (C0020), i gcás— nach bhfuil an deighilt idir iasachtaí ar pholasaithe, iasachtaí ar mhorgáistí le daoine aonair agus iasachtaí agus morgáistí eile le fáil, ní thuairisceofar an mhír seo.
C0010–C0020/R0250	Iasachtaí agus morgáistí do dhaoine aonair	Sócmhainní airgeadais a chruthaítear nuair a thugann creidiúnaithe cistí ar iasacht d'fhéichiúnaithe — daoine aonair, le comhthaobhacht nó dá huireasa, lena n-áirítear linnte airgid. Maidir leis an gcolún "luach na gcuntas reachtúil" (C0020), i gcás— nach bhfuil an deighilt idir iasachtaí ar pholasaithe, iasachtaí ar mhorgáistí le daoine aonair agus iasachtaí agus morgáistí eile le fáil, ní thuairisceofar an mhír seo.
C0010–C0020/R0260	Iasachtaí agus morgáistí eile	Sócmhainní airgeadais a chruthaítear nuair a thugann creidiúnaithe cistí ar iasacht d'fhéichiúnaithe – eile, nach féidir a aicmiú in ítim R0240 nó R0250, le comhthaobhacht nó dá huireasa, lena n-áirítear linnte airgid. Maidir leis an gcolún "luach na gcuntas reachtúil" (C0020), i gcás— nach bhfuil an deighilt idir iasachtaí ar pholasaithe, iasachtaí ar mhorgáistí le daoine aonair agus iasachtaí agus morgáistí eile le fáil, ní thuairisceofar an mhír seo.
C0010–C0020/R0270	Méideanna in-aisghabhála athárachais ó:	Is é sin an méid iomlán de mhéideanna in-aisghabhála athárachais. Comhfhreagraíonn sé do mhéid sciar fhorálacha teicniúla an athárachóra (lena n-áirítear athárachas finideach agus MSC). Maidir leis an gcolún "Luach Shócmhainneacht II" (C0010), ba cheart a áireamh leis an gcill sin go háirithe na híocaíochtaí go léir a bhfuil coinne leo ó athárachóirí leis an ngnóthas (nó *vice versa*) a chomhfhreagraíonn d'íocaíochtaí nach ndearna an gnóthas go fóill le sealbhóirí polasaithe (nó nach ndearna sealbhóirí polasaithe leis an ngnóthas). Gach íocaíocht a bhfuil coinne léi ó athárachóirí leis an ngnóthas (nó *vice versa*) a chomhfhreagraíonn d'íocaíochtaí arna ndéanamh ag an ngnóthas cheana féin le sealbhóirí polasaithe (nó ag sealbhóirí polasaithe leis an ngnóthas), ba cheart na híocaíochtaí sin a áireamh i suimeanna infhaighte athárachais (nó suimeanna iníoctha athárachais).
C0010–C0020/R0280	Athárachas neamhshaoil agus athárachas sláinte cosúil le hathárachas neamhshaoil	Méideanna in-aisghabhála athárachais i leith forálacha teicniúla le haghaidh athárachas neamhshaoil agus athárachas sláinte cosúil le hathárachas neamhshaoil. Maidir leis an gcolún "luach na gcuntas reachtúil" (C0020), i gcás nach bhfuil an deighilt idir athárachas neamhshaoil agus athárachas sláinte cosúil le hathárachas neamhshaoil le fáil, léireofar an tsuim leis an mír seo.
C0010–C0020/R0290	Athárachas neamhshaoil gan athárachas sláinte a áireamh	Méideanna in-aisghabhála ón athárachas i leith forálacha teicniúla le haghaidh ghnó neamhshaoil, gan forálacha teicniúla le haghaidh sláinte a áireamh – cosúil le neamhshaol.

	ÍTIM	TREORACHA
C0010–C0020/R0300	Athárachas sláinte cosúil le hathárachas neamhshaoil	Méideanna in-aisghabhála i leith forálacha teicniúla le haghaidh athárachas sláinte cosúil le hathárachas neamhshaoil.
C0010–C0020/R0310	Athárachas saoil agus athárachas sláinte cosúil le hathárachas saoil, gan athárachas sláinte agus innéacsnasctha agus aonadnasctha a áireamh	Athárachas in-aisghabhála i leith forálacha teicniúla le haghaidh hathárachas saoil agus sláinte atá comhchosúil le hathárachas saoil, gan athárachas sláinte agus innéacsnasctha agus aonadnasctha a áireamh. Maidir leis an gcolún "luach na gcuntas reachtúil" (C0020), i gcás— nach bhfuil an deighilt idir athárachas saoil gan athárachas sláinte agus innéacsnasctha agus aonadnasctha agus athárachas sláinte cosúil le hathárachas saoil le fáil, léireofar an tsuim leis an mír seo.
C0010–C0020/R0320	Athárachas sláinte atá comhchosúil le hathárachas saoil	Méideanna in-aisghabhála athárachais i leith forálacha teicniúla le haghaidh athárachas sláinte–cosúil le hathárachas saoil.
C0010–C0020/R0330	Athárachas saoil gan athárachas sláinte agus innéacsnasctha agus aonadnasctha a áireamh	Méideanna in-aisghabhála athárachais i leith forálacha teicniúla le haghaidh gnó saoil, gan forálacha teicniúla le haghaidh athárachas sláinte a áireamh-cosúil le teicnící saoil agus forálacha teicniúla le haghaidh athárachas innéacsnasctha agus aonadnasctha.
C0010–C0020/R0340	Athárachas saoil innéacsnasctha agus aonadnasctha	Méideanna in-aisghabhála i leith forálacha teicniúla le haghaidh gnó saoil innéacsnasctha agus aonadnasctha.
C0010–C0020/R0350	Taiscí le hárachóirí géillte	Taiscí a bhaineann le hathárachas arna ghlacadh.
C0010–C0020/R0360	Suimeanna infhaighte árachais agus idirghabhálacha	Méideanna i gcomhair íocaíochta ag sealbhóirí polasaithe, árachóirí agus eile atá nasctha le gnó árachais nach bhfuil áirithe i bhforálacha teicniúla. Áireofar suimeanna infhaighte leis ó athárachas arna ghlacadh.
C0010–C0020/R0370	Suimeanna infhaighte athárachais	Maidir leis an gcolún "Luach Shócmhainneacht II" (C0010), áireofar ar an gcill seo gach íocaíocht a bhfuil coinne léi (dlite agus thar téarma) ó athárachóirí atá nasctha le gnó athárachais leis an ngnóthas nach bhfuil san áireamh i méideanna in-aisghabhála athárachais. Níor cheart iad sin a áireamh sa mhír "aon sócmhainn eile nach dtaispeántar in aon áit eile". Ba cheart a chur san áireamh go háirithe sa chill seo gach íocaíocht a bhfuil coinne léi ó athárachóirí leis an ngnóthas agus a chomhfhreagraíonn d'íocaíochtaí arna ndéanamh ag an ngnóthas leis na sealbhóirí polasaithe. Áirítear leis freisin gach íocaíocht a bhfuil coinne léi (dlite agus thar téarma) ó athárachóirí i ndáil le seachas teagmhais árachais nó iad sin a comhaontaíodh idir gnóthas an árachóra ghéillte agus an t-athárachóir agus i gcás ina bhfuil méid na híocaíochta a bhfuil coinne léi cinnte.
C0010–C0020/R0380	Suimeanna infhaighte (trádáil, ní árachas)	Áirítear leis méideanna infhaighte ó fhostaithe nó ó chomhpháirtithe éagsúla gnó (nach mbaineann le hárachas), lena n-áirítear eintitis phoiblí.

	ÍTIM	TREORACHA
C0010–C0020/R0390	Scaireanna dílse (arna sealbhú go díreach)	Is é sin méid iomlán na scaireanna dílse arna sealbhú go díreach ag an ngrúpa.
C0010–C0020/R0400	Méideanna atá dlite i leith ítimí cistí dílse nó ciste tosaigh atá glaoite ach nach bhfuil íoctha isteach go fóill	Luach an mhéid atá dlite i leith míreanna cistí dílse nó cistí tosaigh atá glaoite ach nach bhfuil íoctha isteach go fóill.
C0010–C0020/R0410	Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	Nótaí agus boinn i gcúrsaíocht a úsáidtear go coiteann chun íocaíochtaí a dhéanamh, agus taiscí atá inmhalartaithe ar airgeadra ar éileamh ar par agus atá inúsáidte go díreach chun íocaíochtaí a dhéanamh le seic, dréacht, ordú gíoró, dochar/sochar díreach, nó saoráid íocaíochta dírí eile, gan phionós nó srian. Ní dhéanfar cuntais bhainc a ghlanluacháil, mar sin ní aithneofar san ítim sin ach cuntais dheimhneacha amháin agus rótharraingtí bainc a thaispeánfar laistigh de dhliteanais ach amháin i gcás inarb ann do cheart dlíthiúil fritháirimh agus rún inléirithe socrú glan a dhéanamh.
C0010–C0020/R0420	Aon sócmhainn eile, nach dtaispeántar in aon áit eile	Is é sin agus méid aon sócmhainne eile nach bhfuil áirithe in áit éigin eile cheana féin laistigh de mhíreanna ar an gclár comhardaithe.
C0010–C0020/R0500	Iomlán na sócmhainní	Is é sin méid iomlán foriomlán na sócmhainní uile.
Dliteanais		
C0010–C0020/R0510	Forálacha teicniúla – neamhshaol	Suim na bhforálacha teicniúla neamhshaoil. Áirítear leis an méid sin an chionroinnt ón asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla i gcomhréir leis an modheolaíocht ranníocach arna húsáid chun críocha ríomh an íoscheanglais chaipitil. Maidir leis an gcolún "luach na gcuntas reachtúil" (C0020), i gcás nach féidir forálacha teicniúla le haghaidh árachas neamhshaoil a dheighilt idir árachas neamhshaoil (cé is moite de shláinte) agus sláinte (cosúil le hárachas saoil), léireofar an tsuim leis an mír seo.
C0010–C0020/R0520	Forálacha teicniúla – neamhshaol (gan sláinte a áireamh)	Is é sin méid iomlán na bhforálacha teicniúla le haghaidh gnó neamhshaoil (gan sláinte a áireamh). Áirítear leis an méid sin an chionroinnt ón asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla i gcomhréir leis an modheolaíocht ranníocach arna húsáid chun críocha ríomh an íoscheanglais chaipitil.

	ÍTIM	TREORACHA
C0010/R0530	Forálacha teicniúla – neamhshaol (gan sláinte a áireamh) – forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine	Is é sin méid iomlán na bhforálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine (punann inmhacasamhlaithe/infhálaithe) le haghaidh gnó neamhshaoil (gan sláinte a áireamh). Áirítear leis an méid sin an chionroinnt ón asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla i gcomhréir leis an modheolaíocht ranníocach arna húsáid chun críocha ríomh an íoscheanglais chaipitil.
C0010/R0540	Forálacha teicniúla – neamhshaol (gan sláinte a áireamh) – Measachán is fearr	Is é sin méid iomlán an mheastacháin is fearr de na forálacha teicniúla le haghaidh gnó neamhshaoil (gan sláinte a áireamh). Tuairisceofar an meastachán is fearr comhlán ar athárachas. Áirítear leis an méid sin an chionroinnt ón asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla i gcomhréir leis an modheolaíocht ranníocach arna húsáid chun críocha ríomh an íoscheanglais chaipitil.
C0010/R0550	Forálacha teicniúla – neamhshaol (gan sláinte a áireamh) – Corrlach riosca	Is é sin an méid iomlán de chorrlach riosca na bhforálacha teicniúla le haghaidh ghnó neamhshaoil (gan sláinte a áireamh). Áirítear leis an méid sin an chionroinnt ón asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla i gcomhréir leis an modheolaíocht ranníocach arna húsáid chun críocha ríomh an íoscheanglais chaipitil.
C0010–C0020/R0560	Forálacha teicniúla – sláinte (cosúil le neamhshaol)	Is é sin méid iomlán na bhforálacha teicniúla le haghaidh sláinte (cosúil le neamhshaol). Áirítear leis an méid sin an chionroinnt ón asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla i gcomhréir leis an modheolaíocht ranníocach arna húsáid chun críocha ríomh an íoscheanglais chaipitil.
C0010/R0570	Forálacha teicniúla – sláinte (cosúil le neamhshaol) – forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine	Is é sin méid iomlán na bhforálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine (punann inmhacasamhlaithe/infhálaithe) le haghaidh sláinte (cosúil le neamhshaol). Áirítear leis an méid sin an chionroinnt ón asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla i gcomhréir leis an modheolaíocht ranníocach arna húsáid chun críocha ríomh an íoscheanglais chaipitil.
C0010/R0580	Forálacha teicniúla – sláinte (cosúil le neamhshaol) – Meastachán is fearr	Is é sin méid iomlán an mheastacháin is fearr de na forálacha teicniúla le haghaidh gnó sláinte (cosúil le neamhshaol). Tuairisceofar an meastachán is fearr comhlán ar athárachas. Áirítear leis an méid sin an chionroinnt ón asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla i gcomhréir leis an modheolaíocht ranníocach arna húsáid chun críocha ríomh an íoscheanglais chaipitil.

	ÍTIM	TREORACHA
C0010/R0590	Forálacha teicniúla – sláinte (cosúil le neamhshaol) – Corrlach riosca	Is é sin méid iomlán chorrlach riosca na bhforálacha teicniúla le haghaidh ghnó sláinte (cosúil le neamhshaol). Áirítear leis an méid sin an chionroinnt ón asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla i gcomhréir leis an modheolaíocht ranníocach arna húsáid chun críocha ríomh an íoscheanglais chaipitil.
C0010–C0020/R0600	Forálacha teicniúla – saol (gan innéacsnasctha agus aonadnasctha a áireamh)	Suim na bhforálacha teicniúla saoil (gan innéacsnasctha agus aonadnasctha a áireamh). Áirítear leis an méid sin an chionroinnt ón asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla i gcomhréir leis an modheolaíocht ranníocach arna húsáid chun críocha ríomh an íoscheanglais chaipitil. Maidir leis an gcolún "luach na gcuntas reachtúil" (C0020), i gcás nach féidir forálacha teicniúla le haghaidh árachas saoil (cé is moite d'árachas saoil innéacsnasctha agus aonadnasctha) a dheighilt idir árachas sláinte (cosúil le hárachas saoil) agus saoil (cé is moite d'árachas saoil, innéacsnasctha agus aonadnasctha), léireofar an tsuim leis an mír seo.
C0010–C0020/R0610	Forálacha teicniúla – sláinte (cosúil le saol)	Is é sin méid iomlán na bhforálacha teicniúla le haghaidh sláinte (cosúil le saol). Áirítear leis an méid sin an chionroinnt ón asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla i gcomhréir leis an modheolaíocht ranníocach arna húsáid chun críocha ríomh an íoscheanglais chaipitil.
C0010/R0620	Forálacha teicniúla – sláinte (cosúil le saol) – forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine	Is é sin méid iomlán na bhforálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine (inmhacasamhlaithe/infhálaithe) le haghaidh gnó sláinte (cosúil le saol). Áirítear leis an méid sin an chionroinnt ón asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla i gcomhréir leis an modheolaíocht ranníocach arna húsáid chun críocha ríomh an íoscheanglais chaipitil.
C0010/R0630	Forálacha teicniúla – sláinte (cosúil le saol) – Meastachán is fearr	Is é sin méid iomlán an mheastacháin is fearr d'fhorálacha teicniúla le haghaidh sláinte (cosúil le saol). Tuairisceofar an meastachán is fearr comhlán ar athárachas. Áirítear leis an méid sin an chionroinnt ón asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla i gcomhréir leis an modheolaíocht ranníocach arna húsáid chun críocha ríomh an íoscheanglais chaipitil.
C0010/R0640	Forálacha teicniúla – sláinte (cosúil le saol) – Corrlach riosca	Is é sin méid iomlán chorrlach riosca na bhforálacha teicniúla le haghaidh sláinte (cosúil le saol). Áirítear leis an méid sin an chionroinnt ón asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla i gcomhréir leis an modheolaíocht ranníocach arna húsáid chun críocha ríomh an íoscheanglais chaipitil.

	ÍTIM	TREORACHA
C0010–C0020/R0650	Forálacha teicniúla – saol (gan sláinte agus innéacsnasctha agus aonadnasctha a áireamh)	Is é sin méid iomlán na bhforálacha teicniúla le haghaidh gnó saoil (gan sláinte agus innéacsnasctha agus aonadnasctha a áireamh). Áirítear leis an méid sin an chionroinnt ón asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla i gcomhréir leis an modheolaíocht ranníocach arna húsáid chun críocha ríomh an íoscheanglais chaipitil.
C0010/R0660	Forálacha teicniúla – saol (gan sláinte agus innéacsnasctha agus aonadnasctha a áireamh) – forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine	Is é sin méid iomlán na bhforálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine (inmhacasamhlaithe/infhálaithe) le haghaidh gnó saoil (gan sláinte agus innéacsnasctha agus aonadnasctha a áireamh). Áirítear leis an méid sin an chionroinnt ón asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla i gcomhréir leis an modheolaíocht ranníocach arna húsáid chun críocha ríomh an íoscheanglais chaipitil.
C0010/R0670	Forálacha teicniúla – saol (gan sláinte agus innéacsnasctha agus aonadnasctha a áireamh) – Meastachán is fearr	Is é sin méid iomlán an mheastacháin is fearr d'fhorálacha teicniúla le haghaidh gnó saoil (gan sláinte agus innéacsnasctha agus aonadnasctha a áireamh). Tuairisceofar an meastachán is fearr comhlán ar athárachas. Áirítear leis an méid sin an chionroinnt ón asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla i gcomhréir leis an modheolaíocht ranníocach arna húsáid chun críocha ríomh an íoscheanglais chaipitil.
C0010/R0680	Forálacha teicniúla – saol (gan sláinte agus innéacsnasctha agus aonadnasctha a áireamh) – Corrlach riosca	Is é sin méid iomlán chorrlach riosca na bhforálacha teicniúla le haghaidh ghnó saoil (gan sláinte agus innéacsnasctha agus aonadnasctha a áireamh). Áirítear leis an méid sin an chionroinnt ón asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla i gcomhréir leis an modheolaíocht ranníocach arna húsáid chun críocha ríomh an íoscheanglais chaipitil.
C0010–C0020/R0690	Forálacha teicniúla – innéacsnasctha agus aonadnasctha	Is é sin méid iomlán na bhforálacha teicniúla le haghaidh gnó innéacsnasctha agus aonadnasctha. Áirítear leis an méid sin an chionroinnt ón asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla i gcomhréir leis an modheolaíocht ranníocach arna húsáid chun críocha ríomh an íoscheanglais chaipitil.
C0010/R0700	Forálacha teicniúla – innéacsnasctha agus aonadnasctha – forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine	Is é sin méid iomlán na bhforálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine (inmhacasamhlaithe/infhálaithe) le haghaidh gnó innéacsnasctha agus aonadnasctha. Áirítear leis an méid sin an chionroinnt ón asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla i gcomhréir leis an modheolaíocht ranníocach arna húsáid chun críocha ríomh an íoscheanglais chaipitil.

	ÍTIM	TREORACHA
C0010/R0710	Forálacha teicniúla – innéacsnasctha agus aonadnasctha – Meastachán is fearr	Is é sin méid iomlán an mheastacháin is fearr d'fhorálacha teicniúla le haghaidh gnó innéacsnasctha agus aonadnasctha. Tuairisceofar an meastachán is fearr comhlán ar athárachas. Áirítear leis an méid sin an chionroinnt ón asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla i gcomhréir leis an modheolaíocht ranníocach arna húsáid chun críocha ríomh an íoscheanglais chaipitil.
C0010/R0720	Forálacha teicniúla – innéacsnasctha agus aonadnasctha – Corrlach riosca	Is é sin méid iomlán chorrlach riosca na bhforálacha teicniúla le haghaidh gnó innéacsnasctha agus aonadnasctha. Áirítear leis an méid sin an chionroinnt ón asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla i gcomhréir leis an modheolaíocht ranníocach arna húsáid chun críocha ríomh an íoscheanglais chaipitil.
C0020/R0730	Forálacha teicniúla eile	Forálacha teicniúla eile, mar a shainaithníonn an grúpa ina chuntais reachtúla, i gcomhréir leis an GAAP áitiúil nó le IFRS.
C0010/R0740	Dliteanais theagmhasacha	Is mar seo a leanas a shainmhínítear dliteanas teagmhasach: a) oibleagáid fhéideartha a eascraíonn as teagmhais roimhe seo agus nach ndeimhneofar gurb ann di ach amháin i gcás ina dtarlóidh nó nach dtarlóidh teagmhas éiginnte amháin nó níos mó amach anseo nach mbeidh go hiomlán faoi smacht an eintitis; nó b) oibleagáid láithreach a eascraíonn as teagmhais roimhe seo fiú i gcás: (i) nach bhfuil sé dóchúil go gceanglófar eis-sreabhadh acmhainní ina gcorpraítear tairbhí eacnamaíocha chun an oibleagáid a shocrú; nó (ii) nach féidir méid na hoibleagáide a thomhas ar bhealach atá iontaofa go leor. Leanfaidh an méid dliteanas teagmhasach a aithnítear sa chlár comhardaithe na critéir a leagtar amach in Airteagal 11 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
C0010–C0020/R0750	Forálacha seachas forálacha teicniúla	Dliteanais d'uainiú nó de mhéid éiginnte, gan na cinn a thuairiscítear faoi "Oibleagáidí sochair pinsin" a áireamh. Aithnítear na forálacha mar dhliteanais (ag glacadh leis gur féidir meastachán iontaofa a dhéanamh) ós rud é gur oibleagáidí iad agus gur dócha go gceanglófar eis-sreabhadh acmhainní ina gcorpraítear tairbhí eacnamaíocha chun na hoibleagáidí a shocrú.
C0010–C0020/R0760	Oibleagáidí sochair pinsin	Is é sin na glanoibleagáidí iomlána a bhaineann leis an scéim pinsin fostaithe.

	ÍTIM	TREORACHA
C0010–C0020/R0770	Taiscí ó athárachóirí	Méideanna (e.g. airgead tirim) arna bhfáil ó athárachóir nó arna n-asbhaint ag an athárachóir i gcomhréir leis an gconradh athárachais.
C0010–C0020/R0780	Dliteanais chánach iarchurtha	na méideanna de chánacha ioncaim is iníoctha i dtréimhsí amach anseo i leith difríochtaí sealadacha inchánacha is ea iad dliteanais chánach iarchurtha.
C0010–C0020/R0790	Díorthaigh	Ionstraim airgeadais nó conradh eile ag a bhfuil na trí shaintréith uile seo a leanas: (a) Athraíonn a luach mar fhreagairt ar an athrú ar ráta úis sonraithe, ar phraghas na hionstraime airgeadais, ar phraghas tráchtearraí, ar an ráta malairte eachtraí, ar an innéacs praghsanna nó rátaí, ar an rátáil chreidmheasa nó innéacs creidmheasa, nó ar athróg eile, ar choinníoll i gcás athróige neamhairgeadais, nach mbaineann an athróg go sonrach le páirtí sa chonradh (ar a dtugtar an "athróg fholuiteach" uaireanta). (b) Ní cheanglaítear leis aon ghlaninfheistíocht tosaigh ná glaninfheistíocht tosaigh ar lú í ná a cheanglófaí le haghaidh chineálacha eile conarthaí a mbeadh coinne leis go mbeadh freagairt den chineál céanna acu agus a bheadh ag athruithe ar thosca an mhargaidh. (c) Socraítear ar dháta sa todhchaí é. Ní thuairisceofar ach amháin dliteanais dhíorthacha ar an ró seo (i.e. díorthaigh ag a bhfuil luachanna diúltacha ón dáta tuairiscithe). Tuairisceofar sócmhainní díorthach faoi C0010– C0020/R0190. Grúpaí nach luachálann díorthaigh ina GAAP áitiúil, ní gá dóibh luach cuntas reachtúil a sholáthar.
C0010–C0020/R0800	Fiachais atá dlite d'institiúidí creidmheasa	Fiachais, mar shampla morgáiste agus iasachtaí, atá dlite d'institiúidí creidmheasa, gan bannaí arna sealbhú ag institiúidí creidmheasa a áireamh (toisc nach féidir leis an ngrúpa sealbhóirí uile na mbannaí arna n-eisiúint aige a shainaithint) agus dliteanais fho-ordaithe. Áireofar rótharraingtí bainc leis sin freisin.
C0010–C0020/R0810	Dliteanais airgeadais seachas fiachais atá dlite d'institiúidí creidmheasa	Dliteanais airgeadais lena n-áirítear bannaí arna n-eisiúint ag an ngrúpa (arna sealbhú ag institiúidí creidmheasa nó gan a bheith), nótaí struchtúracha arna n-eisiúint ag an ngrúpa féin agus morgáiste agus iasachtaí atá dlite d'eintitis eile seachas institiúidí creidmheasa. Ní áireofar dliteanais fho-ordaithe anseo.
C0010–C0020/R0820	Suimeanna iníoctha árachais agus idirghabhálaithe	Méideanna is iníoctha le sealbhóirí polasaithe, árachóirí agus gnó eile atá nasctha le hárachas nach bhfuil áirithe i bhforálacha teicniúla. Áirítear leis méideanna is iníoctha le hidirghabhálaithe (ath)árachais (e.g. coimisiúin atá dlite d'idirghabhálaithe ach nach bhfuil íoctha go fóill ag an ngnóthas). Ní áirítear iasachtaí agus morgáistí atá dlite do chuideachtaí eile árachais, mura mbaineann siad ach le maoiniú amháin agus mura bhfuil siad nasctha le gnó árachais (tuairisceofar iasachtaí agus morgáistí den sórt sin mar dhliteanais airgeadais). Áireofar leis suimeanna iníoctha ó athárachas arna ghlacadh.

	ÍTIM	TREORACHA
C0010–C0020/R0830	Suimeanna iníoctha athárachais	Méideanna is iníoctha le hathárachóirí (cuntais reatha go háirithe) seachas taiscí atá nasctha le gnó athárachais nach bhfuil áirithe i méideanna in-aisghabhála athárachais, lena n-áirítear suimeanna iníoctha ón ngnóthas le hathárachóirí i ndáil le seachas teagmhais árachais. Áirítear leis suimeanna iníoctha le hathárachóirí a bhaineann le préimheanna géillte. Maidir leis an gcolún "Luach Shócmhainneacht II" (C0010), áireofar ar an gcill sin gach íocaíocht a bhfuil coinne léi (dlite agus thar téarma) ón ngnóthas le hathárachóirí nach bhfuil ar áireamh i méid in-aisghabhála ón athárachas. Níor cheart iad sin a áireamh san ítim "aon dliteanas eile nach dtaispeántar in aon áit eile". Ba cheart go gcuirfí san áireamh sa chill seo go háirithe gach íocaíocht a bhfuil coinne léi ón ngnóthas le hathárachóirí a chomhfhreagraíonn d'íocaíochtaí arna ndéanamh ag na sealbhóirí polasaithe leis an ngnóthas. Áirítear leis freisin gach íocaíocht a bhfuil coinne léi (dlite agus thar téarma) le hathárachóirí i ndáil le seachas teagmhais árachais nó iad sin a comhaontaíodh idir gnóthas an árachóra ghéillte agus an t-athárachóir agus i gcás ina bhfuil méid na híocaíochta a bhfuil coinne léi cinnte.
C0010–C0020/R0840	Suimeanna iníoctha (trádáil, ní árachas)	Is é sin méid iomlán na suimeanna trádála is iníoctha, lena n-áirítear méideanna atá dlite d'fhostaithe, soláthróirí, etc. agus nach mbaineann le hárachas, comhthreomhar le suimeanna infhaighte (trádáil, ní árachas) ar thaobh na sócmhainní; áirítear eintitis phoiblí leo.
C0010–C0020/R0850	Fodhliteanais	Is fiachais iad dliteanais fho-ordaithe a rangaítear tar éis fiachais shonraithe eile le linn do ghnóthas a bheith á leachtú. Is é sin iomlán na ndliteanas fo-ordaithe a aicmítear mar Bhunchistí Dílse agus iad sin nach bhfuil áirithe i mBunchistí Dílse. Maidir leis an gcolún "luach na gcuntas reachtúil" (C0020), i gcás nach bhfuil an deighilt idir dliteanais fho-ordaithe nach bhfuil i mbunchistí dílse agus dliteanais fho-ordaithe i mbunchistí dílse le fáil, léireofar an tsuim leis an mír seo.
C0010–C0020/R0860	Dliteanais fho-ordaithe nach bhfuil i mBunchistí Dílse	Is fiachais iad dliteanais fho-ordaithe a rangaítear tar éis fiachais shonraithe eile le linn do ghnóthas a bheith á leachtú. D'fhéadfadh fiachais eile a bheith fo-ordaithe ar bhealach níos doimhne fós. Ní chuirfear i láthair anseo ach amháin dliteanais fho-ordaithe nach n-aicmítear i mBunchistí Dílse. Maidir leis an gcolún "luach na gcuntas reachtúil" (C0020), i gcás nach bhfuil an deighilt idir dliteanais fho-ordaithe nach bhfuil i mbunchistí dílse agus dliteanais fho-ordaithe i mbunchistí dílse le fáil, ní thuairisceofar an mhír seo.

	ÍTIM	TREORACHA
C0010–C0020/R0870	Dliteanais fho-ordaithe i mBunchistí Dílse	Dliteanais fho-ordaithe a aicmítear i mBunchistí Dílse. Maidir leis an gcolún "luach na gcuntas reachtúil" (C0020), i gcás— nach bhfuil an deighilt idir dliteanais fho-ordaithe nach bhfuil i mbunchistí dílse agus dliteanais fho-ordaithe i mbunchistí dílse le fáil, ní thuairisceofar an mhír seo.
C0010–C0020/R0880	Aon dliteanas eile, nach dtaispeántar in aon áit eile	Is é sin iomlán aon dliteanas eile, nach bhfuil áirithe cheana féin in aon áit eile in ítimí eile an Chláir Chomhardaithe.
C0010–C0020/R0900	Iomlán na nDliteanas	Is é sin méid iomlán foriomlán na ndliteanas uile
C0010/R1000	Farasbarr sócmhainní thar dhliteanais	Is é sin iomlán fharasbarr an ghrúpa de shócmhainní thar dhliteanais, arna luacháil i gcomhréir le bonn luachála Shócmhainneacht II. Luach na sócmhainní lúide dliteanais.
C0020/R1000	Farasbarr sócmhainní thar dhliteanais (luach na gcuntas reachtúil)	Is é sin iomlán fharasbarr gnóthais de shócmhainní thar dhliteanais de cholún luach na gcuntas reachtúil.

S.02.02 — Dliteanais de réir airgeadra

Barúil ghinearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh grúpaí.

Líonfar isteach an teimpléad seo i gcomhréir leis an gClár comhardaithe (S.02.01). Leagtar síos prionsabail luachála i dTreoir 2009/138/CE, i Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, agus i gCaighdeáin Theicniúla agus Treoirlínte Shócmhainneacht II.

Ní cheanglaítear an teimpléad seo a chur isteach má léirítear níos mó ná 80 % de dhliteanais le haon airgeadra aonair amháin. Maidir le luach na bhforálacha teicniúla, mar a thuairiscítear in R0030 agus R0120 in S.12.01 agus R0060 agus R0160 in S.17.01, i gcás ina bhfuil an luach diúltach, chun críocha ríomh na tairsí thuas ba cheart dearbhluach na méideanna barúlacha sin a mheas gan glanluacháil forálacha teicniúla idir réimeanna gnó difriúla.

Má chuirtear isteach í, tuairisceofar faisnéis ar an airgeadra tuairiscithe i gcónaí gan beann ar mhéid na ndliteanas. Léireofar leis an bhfaisnéis a thuairiscítear de réir airgeadra 80 % ar a laghad de na dliteanais iomlána. Déanfar an 20 % eile a chomhiomlánú. Más gá airgeadra sonrach a thuairisciú le haghaidh dliteanas chun an riail 80 % a chomhlíonadh, tuairisceofar an t-airgeadra sin le haghaidh na ndliteanas go léir.

	ÍTIM	TREORACHA
R0010	Airgeadra ábharach	Sainaithin cód aibítre ISO 4217 gach airgeadra atá le tuairisciú.
C0020/R0110	Luach iomlán gach airgeadra — Forálacha teicniúla (gan conarthaí innéacsnasctha agus aonadnasctha a áireamh)	Tuairiscigh luach iomlán na bhforálacha teicniúla (gan conarthaí innéacsnasctha agus aonadnasctha a áireamh) le haghaidh gach airgeadra.
C0030/R0110	Luach an airgeadra tuairiscithe — Forálacha teicniúla (gan conarthaí innéacsnasctha agus aonadnasctha a áireamh)	Tuairiscigh luach iomlán na bhforálacha teicniúla (gan conarthaí innéacsnasctha agus aonadnasctha a áireamh) le haghaidh an airgeadra tuairiscithe
C0040/R0110	Luach gach airgeadra eile atá fágtha — Forálacha teicniúla (gan conarthaí innéacsnasctha agus aonadnasctha a áireamh)	Tuairiscigh luach iomlán na bhforálacha teicniúla (gan conarthaí innéacsnasctha agus aonadnasctha a áireamh) le haghaidh na n-airgeadraí atá fágtha nach dtuairiscítear de réir airgeadra. Ciallaíonn sé sin go n-eisiann an chill sin an méid a thuairiscítear san airgeadra tuairiscithe (C0030/R0110) agus sna hairgeadraí a thuairiscítear de réir airgeadra (C0050/R0110).
C0050/R0110	Luach airgeadraí ábharacha — Forálacha teicniúla (gan conarthaí innéacsnasctha agus aonadnasctha a áireamh)	Tuairiscigh luach iomlán na bhforálacha teicniúla (gan conarthaí innéacsnasctha agus aonadnasctha a áireamh) le haghaidh na n-airgeadraí go léir ar gá iad a thuairisciú ar leithligh.
C0020/R0120	Luach iomlán gach airgeadra — Forálacha teicniúla — conarthaí innéacsnasctha agus aonadnasctha	Tuairiscigh luach iomlán na bhforálacha teicniúla — conarthaí innéacsnasctha agus aonadnasctha le haghaidh gach airgeadra.
C0030/R0120	Luach an airgeadra tuairiscithe — Forálacha teicniúla — conarthaí innéacsnasctha agus aonadnasctha	Tuairiscigh luach iomlán na bhforálacha teicniúla — conarthaí innéacsnasctha agus aonadnasctha le haghaidh an airgeadra tuairiscithe.
C0040/R0120	Luach gach airgeadra eile atá fágtha — Forálacha teicniúla — conarthaí innéacsnasctha agus aonadnasctha	Tuairiscigh luach na bhforálacha teicniúla — conarthaí innéacsnasctha agus aonadnasctha le haghaidh na n-airgeadraí atá fágtha nach dtuairiscítear de réir airgeadra. Ciallaíonn sé sin go n-eisiann an chill sin an méid a thuairiscítear san airgeadra tuairiscithe (C0030/R0120) agus sna hairgeadraí a thuairiscítear de réir airgeadra (C0050/R0120).

	ÍTIM	TREORACHA
C0050/R0120	Luach airgeadraí ábharacha — Forálacha teicniúla — conarthaí innéacsnasctha agus aonadnasctha	Tuairiscigh luach iomlán na bhforálacha teicniúla — conarthaí innéacsnasctha agus aonadnasctha le haghaidh na n-airgeadraí go léir ar gá iad a thuairisciú ar leithligh.
C0020/R0130	Luach iomlán gach airgeadra — Taiscí ó athárachóirí agus suimeanna iníoctha ó árachas, idirghabhálaithe agus athárachas	Tuairiscigh luach iomlán na dtaiscí ó athárachóirí agus suimeanna iníoctha ó árachas, idirghabhálaithe agus suimeanna iníoctha ó athárachas le haghaidh gach airgeadra.
C0030/R0130	Luach an airgeadra tuairiscithe — Taiscí ó athárachóirí agus suimeanna iníoctha ó árachas, idirghabhálaithe agus athárachas	Tuairiscigh luach na dtaiscí ó athárachóirí agus suimeanna iníoctha ó árachas, idirghabhálaithe agus suimeanna iníoctha ó athárachas le haghaidh an airgeadra tuairiscithe.
C0040/R0130	Luach na n-airgeadraí eile atá fágtha — Taiscí ó athárachóirí agus suimeanna iníoctha ó árachas, idirghabhálaithe agus athárachas	Tuairiscigh luach na dtaiscí ó athárachóirí agus suimeanna iníoctha ó árachas, idirghabhálaithe agus suimeanna iníoctha ó athárachas le haghaidh na n-airgeadraí atá fágtha nach dtuairiscítear de réir airgeadra. Ciallaíonn sé sin go n-eisiann an chill sin an méid a thuairiscítear san airgeadra tuairiscithe (C0030/R0130) agus sna hairgeadraí a thuairiscítear de réir airgeadra (C0050/R0130).
C0050/R0130	Luach airgeadraí ábharacha — Taiscí ó athárachóirí agus suimeanna iníoctha ó árachas, idirghabhálaithe agus athárachas	Tuairiscigh luach na dtaiscí ó athárachóirí agus suimeanna iníoctha ó árachas, idirghabhálaithe agus suimeanna iníoctha ó athárachas le haghaidh na n-airgeadraí go léir ar gá iad a thuairisciú ar leithligh.
C0020/R0140	Luach iomlán gach airgeadra — Díorthaigh	Tuairiscigh luach iomlán na ndíorthach le haghaidh gach airgeadra.
C0030/R0140	Luach an airgeadra tuairiscithe — Díorthaigh	Tuairiscigh luach na ndíorthach le haghaidh an airgeadra tuairiscithe.
C0040/R0140	Luach gach airgeadra eile atá fágtha — Díorthaigh	Tuairiscigh luach iomlán na ndíorthach le haghaidh na n-airgeadraí atá fágtha nach dtuairiscítear de réir airgeadra. Ciallaíonn sé sin go n-eisiann an chill sin an méid a thuairiscítear san airgeadra tuairiscithe (C0030/R0140) agus sna hairgeadraí a thuairiscítear de réir airgeadra (C0050/R0140).

	ÍTIM	TREORACHA
C0050/R0140	Luach airgeadraí ábharacha — Díorthaigh	Tuairiscigh luach iomlán na ndíorthach le haghaidh na n-airgeadraí go léir ar gá iad a thuairisciú ar leithligh.
C0020/R0150	Luach iomlán gach airgeadra — Dliteanais airgeadais	Tuairiscigh luach iomlán na ndliteanas airgeadais le haghaidh gach airgeadra.
C0030/R0150	Luach an airgeadra tuairiscithe — Dliteanais airgeadais	Tuairiscigh luach na ndliteanas airgeadais le haghaidh an airgeadra tuairiscithe.
C0040/R0150	Luach gach airgeadra eile atá fágtha — Dliteanais airgeadais	Tuairiscigh luach iomlán na ndliteanas airgeadais le haghaidh na n-airgeadraí atá fágtha nach dtuairiscítear de réir airgeadra. Ciallaíonn sé sin go n-eisiann an chill sin an méid a thuairiscítear san airgeadra tuairiscithe (C0030/R0150) agus sna hairgeadraí a thuairiscítear de réir airgeadra (C0050/R0150).
C0050/R0150	Luach airgeadraí ábharacha — Dliteanais airgeadais	Tuairiscigh luach iomlán na ndliteanas airgeadais le haghaidh na n-airgeadraí go léir ar gá iad a thuairisciú ar leithligh.
C0020/R0160	Luach iomlán gach airgeadra — Dliteanais theagmhasacha	Tuairiscigh luach iomlán na ndliteanas teagmhasach le haghaidh gach airgeadra.
C0030/R0160	Luach an airgeadra tuairiscithe — Dliteanais theagmhasacha	Tuairiscigh luach na ndliteanas teagmhasach le haghaidh an airgeadra tuairiscithe.
C0040/R0160	Luach gach airgeadra eile atá fágtha — Dliteanais theagmhasacha	Tuairiscigh luach iomlán na ndliteanas teagmhasach le haghaidh na n-airgeadraí atá fágtha nach dtuairiscítear de réir airgeadra. Ciallaíonn sé sin go n-eisiann an chill sin an méid a thuairiscítear san airgeadra tuairiscithe (C0030/R0160) agus sna hairgeadraí a thuairiscítear de réir airgeadra (C0050/R0160).
C0050/R0160	Luach airgeadraí ábharacha — Dliteanais theagmhasacha	Tuairiscigh luach iomlán na ndliteanas teagmhasach le haghaidh na n-airgeadraí go léir ar gá iad a thuairisciú ar leithligh
C0020/R0170	Luach iomlán gach airgeadra — Aon dliteanas eile	Tuairiscigh luach iomlán aon dliteanais eile le haghaidh gach airgeadra.
C0030/R0170	Luach an airgeadra tuairiscithe — Aon dliteanais eile	Tuairiscigh luach aon dliteanais eile le haghaidh an airgeadra tuairiscithe.

	ÍTIM	TREORACHA
C0040/R0170	Luach gach airgeadra eile atá fágtha — Aon dliteanas eile	Tuairiscigh luach iomlán aon dliteanais eile le haghaidh na n-airgeadraí atá fágtha nach dtuairiscítear de réir airgeadra. Ciallaíonn sé sin go n-eisiann an chill sin an méid a thuairiscítear san airgeadra tuairiscithe (C0030/R0170) agus sna hairgeadraí a thuairiscítear de réir airgeadra (C0050/R0170).
C0050/R0170	Luach airgeadraí ábharacha — Aon dliteanais eile	Tuairiscigh luach iomlán aon dliteanais eile le haghaidh na n-airgeadraí go léir ar gá iad a thuairisciú ar leithligh.
C0020/R0200	Luach iomlán gach airgeadra — Dliteanais iomlána	Tuairiscigh luach iomlán na ndliteanas iomlán le haghaidh gach airgeadra.
C0030/R0200	Luach an airgeadra tuairiscithe — Dliteanais iomlána	Tuairiscigh luach na ndliteanas iomlán le haghaidh an airgeadra tuairiscithe.
C0040/R0200	Luach gach airgeadra eile atá fágtha — Dliteanais iomlána	Tuairiscigh luach iomlán na ndliteanas iomlán le haghaidh na n-airgeadraí atá fágtha nach dtuairiscítear de réir airgeadra. Ciallaíonn sé sin go n-eisiann an chill sin an méid a thuairiscítear san airgeadra tuairiscithe (C0030/R0200) agus sna hairgeadraí a thuairiscítear de réir airgeadra (C0050/R0200).
C0050/R0200	Luach airgeadraí ábharacha — Dliteanais iomlána	Tuairiscigh luach iomlán na ndliteanas iomlán le haghaidh na n-airgeadraí go léir ar gá iad a thuairisciú ar leithligh.

S.03.01 — Míreanna lasmuigh den chlár comhardaithe — Ginearálta

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh grúpaí.

Áireofar ar an teimpléad seo an fhaisnéis a thagraíonn do mhíreanna lasmuigh den chlár comhardaithe agus do luach uasta agus do luach Shócmhainneacht II dliteanas teagmhasach ar chlár comhardaithe Shócmhainneacht II freisin. Maidir le luach Shócmhainneacht II, sainmhínítear na míreanna ó pheirspictíocht sainaitheantais sna treoracha. Leagtar síos prionsabail luachála i dTreoir 2009/138/CE, i Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, agus i gCaighdeáin Theicniúla agus Treoirlínte Shócmhainneacht II.

Maidir le linn sócmhainní lena gcuirtear infheistíocht faoi urrús (e.g. an linn sócmhainní ar comhthaobhacht iad le haghaidh bannaí faoi chumhdach), ní thuairisceofar iad sa teimpléad seo.

Ráthaíocht lena gceanglaítear ar an eisitheoir íocaíochtaí sonraithe a dhéanamh chun an sealbhóir a aisíoc i ndáil le caillteanas a thabhaíonn an sealbhóir más rud é nach ndéanann an féichiúnaí sonraithe íocaíocht agus í dlite faoi bhuntéarmaí nó téarmaí modhnaithe ionstraime fiachais. Féadfaidh foirmeacha dlí éagsúla a bheith ag na ráthaíochtaí sin, mar shampla ráthaíochtaí airgeadais, litreacha creidmheasa, conarthaí mainneachtana creidmheasa. Ní áireofar leis na míreanna sin ráthaíochtaí a eascraíonn as conarthaí árachais, a aithnítear i bhforálacha teicniúla.

Is mar seo a leanas a shainmhínítear dliteanas teagmhasach:

a) oibleagáid fhéideartha a eascraíonn as teagmhais roimhe seo agus nach ndeimhneofar gurb ann di ach amháin i gcás ina dtarlóidh nó nach dtarlóidh teagmhas éiginnte amháin nó níos mó amach anseo nach mbeidh go hiomlán faoi smacht an eintitis; nó

b) oibleagáid láithreach a eascraíonn as teagmhais roimhe seo fiú i gcás:

i. nach bhfuil sé dóchúil go gceanglófar eis-sreabhadh acmhainní ina gcorpraítear tairbhí eacnamaíocha chun an oibleagáid a shocrú; nó

ii. nach féidir méid na hoibleagáide a thomhas ar bhealach atá iontaofa go leor.

Is é is comhthaobhacht ann sócmhainn lena mbaineann luach airgeadúil nó gealltanas lena n-urraítear an t-iasachtóir in aghaidh mhainneachtain an iasachtaí. Ba cheart luach na comhthaobhachta a thuairisciú mar luach eacnamaíoch na comhthaobhachta mar shampla an dáta tagartha (luach Shócmhainneacht II na sócmhainní), seachas mar luach coigeartaithe de réir riosca comhthaobhachta de réir Airteagal 197 den Rialachán Tarmligthe.

Ní thuairisceofar ach ráthaíochtaí teoranta sa teimpléad seo. Maidir le ráthaíochtaí inmheánacha faoi raon feidhme mhaoirseacht an ghrúpa, ní thuairiscítear sa teimpléad seo iad cé is moite d'fhaisnéis maidir le haon ráthaíocht neamhtheoranta arna soláthar nó arna fáil.

Ar leibhéal grúpa, tá an teimpléad infheidhme maidir le gach eintiteas faoi raon feidhme mhaoirseacht an ghrúpa — lena n-áirítear earnálacha airgeadais eile agus rannpháirtíochtaí neamhrialaithe — le haghaidh mhodh 1 (an modh bunaithe ar chomhdhlúthú cuntasaíochta), mhodh 2 (an modh asbhainte agus comhiomlánaithe) agus meascáin de mhodhanna 1 agus 2.

Maidir le rannpháirtíochtaí neamhrialaithe, áirítear ráthaíochtaí arna soláthar agus ráthaíochtaí arna bhfáil ar bhonn comhréireach i gcás ina gcuirtear modh 1 chun feidhme. Nuair a chuirtear modh 2 chun feidhme, tuairiscítear na ráthaíochtaí sin leis an méid iomlán.

Tuairisceofar an teimpléad seo agus na sonraíochtaí seo a leanas á gcur san áireamh, maidir leis na treoracha sa tábla thíos:

a) is airde méid aon cheann de na suimeanna seo a leanas ná 2 % d'Iomlán na Sócmhainní:

i. (C0020/R0010) Luach ráthaíochta/comhthaobhachta/dliteanas teagmhasach — Ráthaíochtaí arna soláthar ag an ngnóthas, lena n-áirítear litreacha creidmheasa + (C0020/R0300) Luach ráthaíochta/comhthaobhachta/dliteanas teagmhasach — Comhthaobhacht iomlán atá curtha i ngeall + (C0010/R0400) Uasluach — Dliteanais theagmhasacha iomlána;

ii. (C0020/R0030) Luach ráthaíochta/comhthaobhachta/dliteanas teagmhasach — Ráthaíochtaí atá faighte ag an ngnóthas, lena n-áirítear litreacha creidmheasa + (C0020/R0200) Luach ráthaíochta/comhthaobhachta/dliteanas teagmhasach — Comhthaobhacht iomlán arna sealbhú; nó

b) sholáthair nó fuair an gnóthas ráthaíocht neamhtheoranta.

Maidir le gnóthais a chomhdhlúthaítear i gcomhréir le pointí (d), (e) agus (f) d'Airteagal 335(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, eisiatar ó ríomh na tairsí iad.

	ÍTIM	TREORACHA
C0010/R0010	Uasluach — Ráthaíochtaí arna soláthar ag an ngrúpa, lena n-áirítear litreacha creidmheasa	Suim gach eis-sreabhaidh airgid a bhaineann le ráthaíochtaí dá dtarlódh na teagmhais truiceartha go léir i ndáil le ráthaíochtaí arna soláthar ag an ngrúpa do pháirtí eile. Áirítear leis sreafaí airgid a bhaineann le litir chreidmheasa. I gcás ina n-aithnítear aon ráthaíocht mar dhliteanas teagmhasach faoi R0310 freisin, cuimseofar an t-uasmhéid sa ró seo freisin.
C0020/R0010	Luach ráthaíochta/comhthaobhachta/ dliteanas teagmhasach — Ráthaíochtaí arna soláthar ag an ngrúpa, lena n-áirítear litreacha creidmheasa	Luach Shócmhainneacht II na ráthaíochtaí arna soláthar ag an ngrúpa, lena n-áirítear litreacha creidmheasa.
C0010/R0030	Uasluach — Ráthaíochtaí arna bhfáil ag an ngrúpa, lena n-áirítear litreacha creidmheasa	Suim gach insreabhaidh airgid a bhaineann le ráthaíochtaí dá dtarlódh na teagmhais truiceartha go léir i ndáil le ráthaíochtaí arna bhfáil ag an ngrúpa ó pháirtí eile chun íocaíocht na ndliteanas atá dlite ag an ngrúpa a rathú (áirítear leis litir chreidmheasa, saoráidí iasachtaíochta tiomanta neamhtharraingthe).
C0020/R0030	Luach ráthaíochta/comhthaobhachta/ dliteanas teagmhasach — Ráthaíochtaí arna bhfáil ag an ngrúpa, lena n-áirítear litreacha creidmheasa	Luach Shócmhainneacht II na ráthaíochtaí arna bhfáil ag an ngrúpa, lena n-áirítear litreacha creidmheasa.
C0020/R0100	Luach ráthaíochta/comhthaobhachta/ dliteanas teagmhasach — Comhthaobhacht arna sealbhú le haghaidh iasachtaí a rinneadh nó bannaí a ceannaíodh	Luach Shócmhainneacht II na gcomhthaobhachtaí arna sealbhú le haghaidh iasachtaí a rinneadh nó bannaí a ceannaíodh. D'fhéadfadh prionsabail luachála áitiúla/earnála seachas prionsabail Shócmhainneacht II a bheith ábhartha sa chás seo.
C0020/R0110	Luach ráthaíochta/comhthaobhachta/ dliteanas teagmhasach — Comhthaobhacht arna sealbhú le haghaidh díorthach	Luach Shócmhainneacht II na gcomhthaobhachtaí arna sealbhú le haghaidh díorthach. D'fhéadfadh prionsabail luachála áitiúla/earnála seachas prionsabail Shócmhainneacht II a bheith ábhartha sa chás seo.
C0020/R0120	Luach ráthaíochta/comhthaobhachta/ dliteanas teagmhasach — Sócmhainní arna gcur i ngeall ag athárachóirí le haghaidh forálacha teicniúla arna ngéilleadh	Luach Shócmhainneacht II na sócmhainní arna gcur i ngeall ag athárachóirí le haghaidh forálacha teicniúla arna ngéilleadh. D'fhéadfadh prionsabail luachála áitiúla/earnála seachas prionsabail Shócmhainneacht II a bheith ábhartha sa chás seo.

	ÍTIM	TREORACHA
C0020/R0130	Luach ráthaíochta/comhthaobhachta/dliteanas teagmhasach — Comhthaobhacht eile arna sealbhú	Luach Shócmhainneacht II na gcomhthaobhachtaí eile arna sealbhú. D'fhéadfadh prionsabail luachála áitiúla/earnála seachas prionsabail Shócmhainneacht II a bheith ábhartha sa chás seo.
C0020/R0200	Luach ráthaíochta/comhthaobhachta/dliteanas teagmhasach — Comhthaobhacht iomlán arna sealbhú	Luach iomlán Shócmhainneacht II na gcomhthaobhachtaí arna sealbhú. D'fhéadfadh prionsabail luachála áitiúla/earnála seachas prionsabail Shócmhainneacht II a bheith ábhartha sa chás seo.
C0030/R0100	Luach sócmhainní dá sealbhaítear comhthaobhacht — Comhthaobhacht arna sealbhú le haghaidh iasachtaí a rinneadh nó bannaí a ceannaíodh	Luach Shócmhainneacht II na sócmhainní dá sealbhaítear an chomhthaobhacht le haghaidh iasachtaí a rinneadh nó bannaí a ceannaíodh. D'fhéadfadh prionsabail luachála áitiúla/earnála seachas prionsabail Shócmhainneacht II a bheith ábhartha sa chás seo.
C0030/R0110	Luach sócmhainní dá sealbhaítear comhthaobhacht — Comhthaobhacht arna sealbhú le haghaidh díorthach	Luach Shócmhainneacht II na sócmhainní dá sealbhaítear an chomhthaobhacht le haghaidh díorthach. D'fhéadfadh prionsabail luachála áitiúla/earnála seachas prionsabail Shócmhainneacht II a bheith ábhartha sa chás seo.
C0030/R0120	Luach sócmhainní dá sealbhaítear comhthaobhacht — Sócmhainní arna gcur i ngeall ag athárachóirí le haghaidh forálacha teicniúla arna ngéilleadh	Luach Shócmhainneacht II na sócmhainní dá sealbhaítear an chomhthaobhacht ar shócmhainní arna gcur i ngeall ag athárachóirí le haghaidh forálacha teicniúla arna ngéilleadh. D'fhéadfadh prionsabail luachála áitiúla/earnála seachas prionsabail Shócmhainneacht II a bheith ábhartha sa chás seo.
C0030/R0130	Luach sócmhainní dá sealbhaítear comhthaobhacht — Comhthaobhacht eile arna sealbhú	Luach Shócmhainneacht II na sócmhainní dá sealbhaítear an chomhthaobhacht eile. D'fhéadfadh prionsabail luachála áitiúla/earnála seachas prionsabail Shócmhainneacht II a bheith ábhartha sa chás seo.
C0030/R0200	Luach sócmhainní dá sealbhaítear comhthaobhacht — Comhthaobhacht iomlán arna sealbhú	Luach iomlán Shócmhainneacht II na sócmhainní dá sealbhaítear an chomhthaobhacht iomlán. D'fhéadfadh prionsabail luachála áitiúla/earnála seachas prionsabail Shócmhainneacht II a bheith ábhartha sa chás seo.
C0020/R0210	Luach ráthaíochta/comhthaobhachta/dliteanas teagmhasach — Comhthaobhacht arna cur i ngeall le haghaidh iasachtaí a fuarthas nó bannaí a eisíodh	Luach Shócmhainneacht II na gcomhthaobhachtaí arna gcur i ngeall le haghaidh iasachtaí a fuarthas nó bannaí a eisíodh. D'fhéadfadh prionsabail luachála áitiúla/earnála seachas prionsabail Shócmhainneacht II a bheith ábhartha sa chás seo.

	ÍTIM	TREORACHA
C0020/R0220	Luach ráthaíochta/comhthaobhachta/ dliteanas teagmhasach — Comhthaobhacht arna cur i ngeall le haghaidh díorthach	Luach Shócmhainneacht II na gcomhthaobhachtaí arna gcur i ngeall le haghaidh díorthach. D'fhéadfadh prionsabail luachála áitiúla/earnála seachas prionsabail Shócmhainneacht II a bheith ábhartha sa chás seo.
C0020/R0230	Luach ráthaíochta/comhthaobhachta/ dliteanas teagmhasach — Sócmhainní arna gcur i ngeall d'árachóirí géillte le haghaidh forálacha teicniúla (athárachas arna ghlacadh)	Luach Shócmhainneacht II na sócmhainní arna gcur i ngeall d'árachóirí géillte le haghaidh forálacha teicniúla (athárachas arna ghlacadh). D'fhéadfadh prionsabail luachála áitiúla/earnála seachas prionsabail Shócmhainneacht II a bheith ábhartha sa chás seo.
C0020/R0240	Luach ráthaíochta/comhthaobhachta/ dliteanas teagmhasach — Comhthaobhacht eile arna cur i ngeall	Luach Shócmhainneacht II na comhthaobhachta arna cur i ngeall le haghaidh comhthaobhacht eile. D'fhéadfadh prionsabail luachála áitiúla/earnála seachas prionsabail Shócmhainneacht II a bheith ábhartha sa chás seo.
C0020/R0300	Luach ráthaíochta/comhthaobhachta/ dliteanas teagmhasach — Comhthaobhacht iomlán arna cur i ngeall	Luach Shócmhainneacht II na comhthaobhachta arna cur i ngeall. D'fhéadfadh prionsabail luachála áitiúla/earnála seachas prionsabail Shócmhainneacht II a bheith ábhartha sa chás seo.
C0040/R0210	Luach dliteanas dá gcuirtear comhthaobhacht i ngeall — Comhthaobhacht arna cur i ngeall le haghaidh iasachtaí a fuarthas nó bannaí a eisíodh	Luach Shócmhainneacht II na ndliteanas dá gcuirtear i ngeall an chomhthaobhacht le haghaidh iasachtaí a fuarthas nó bannaí a eisíodh. D'fhéadfadh prionsabail luachála áitiúla/earnála seachas prionsabail Shócmhainneacht II a bheith ábhartha sa chás seo.
C0040/R0220	Luach dliteanas dá gcuirtear comhthaobhacht i ngeall — Comhthaobhacht arna cur i ngeall le haghaidh díorthach	Luach Shócmhainneacht II na ndliteanas dá gcuirtear i ngeall an chomhthaobhacht le haghaidh díorthach. D'fhéadfadh prionsabail luachála áitiúla/earnála seachas prionsabail Shócmhainneacht II a bheith ábhartha sa chás seo.
C0040/R0230	Luach dliteanas dá gcuirtear comhthaobhacht i ngeall — Sócmhainní arna gcur i ngeall d'árachóirí géillte le haghaidh forálacha teicniúla (athárachas arna ghlacadh)	Luach Shócmhainneacht II na ndliteanas dá gcuirtear i ngeall na sócmhainní d'árachóirí géillte le haghaidh forálacha teicniúla (athárachas arna ghlacadh). D'fhéadfadh prionsabail luachála áitiúla/earnála seachas prionsabail Shócmhainneacht II a bheith ábhartha sa chás seo.

	ÍTIM	TREORACHA
C0040/R0240	Luach dliteanas dá gcuirtear comhthaobhacht i ngeall — Comhthaobhacht eile arna cur i ngeall	Luach Shócmhainneacht II na ndliteanas dá gcuirtear i ngeall comhthaobhacht eile. D'fhéadfadh prionsabail luachála áitiúla/earnála seachas prionsabail Shócmhainneacht II a bheith ábhartha sa chás seo.
C0040/R0300	Luach dliteanas dá gcuirtear comhthaobhacht i ngeall — Comhthaobhacht iomlán arna cur i ngeall	Luach iomlán Shócmhainneacht II na ndliteanas dá gcuirtear i ngeall an chomhthaobhacht. D'fhéadfadh prionsabail luachála áitiúla/earnála seachas prionsabail Shócmhainneacht II a bheith ábhartha sa chás seo.
C0010/R0310	Uasluach — Dliteanais theagmhasacha nach bhfuil ar Chlár Comhardaithe Shócmhainneacht II	Uasluach féideartha, gan beann ar a ndóchúlacht (i.e. eis-sreafaí airgid amach anseo chun an dliteanas teagmhasach a ghlanadh thar shaolré an dliteanais theagmhasaigh sin, arna lascainiú de réir struchtúr théarma an ráta úis saor ó riosca) ar dliteanais theagmhasacha iad nach n-áirítear orthu sin a luacháiltear ar Chlár Comhardaithe Shócmhainneacht II (mír C0010/R0740 de S.02.01) Maidir le dliteanais theagmhasacha faoi raon feidhme mhaoirseacht an ghrúpa, ní thuairiscítear sa teimpléad seo iad. Bainfidh sé sin le Dliteanais theagmhasacha nach bhfuil ábharach. Áireofar leis an méid sin ráthaíochtaí a thuairiscítear in R0010 má mheastar iad mar dhliteanais theagmhasacha.
C0010/R0330	Uasluach — Dliteanais theagmhasacha ar Chlár Comhardaithe Shócmhainneacht II	Uasluach féideartha, gan beann ar a ndóchúlacht (i.e. eis-sreafaí airgid amach anseo chun an dliteanas teagmhasach a ghlanadh thar shaolré an dliteanais theagmhasaigh sin, arna lascainiú de réir struchtúr théarma an ráta úis saor ó riosca) ar dliteanais theagmhasacha iad a luacháiltear ar Chlár Comhardaithe Shócmhainneacht II mar a shainmhínítear in Airteagal 11 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
C0010/R0400	Uasluach — Dliteanais Theagmhasacha Iomlána	Uasluach iomlán féideartha dliteanas teagmhasach, gan beann ar a ndóchúlacht (i. e. sreafaí airgid amach anseo chun an dliteanas teagmhasach a ghlanadh thar shaolré an dliteanais theagmhasaigh sin, arna lascainiú de réir struchtúr théarma an ráta úis saor ó riosca).
C0020/R0310	Luach ráthaíochta/comhthaobhachta/ dliteanas teagmhasach — Dliteanais theagmhasacha nach bhfuil ar Chlár Comhardaithe Shócmhainneacht II	Luach Shócmhainneacht II na ndliteanas teagmhasach nach bhfuil ar Chlár Comhardaithe Shócmhainneacht II.

	ÍTIM	TREORACHA
C0020/R0330	Luach ráthaíochta/comhthaobhachta/ dliteanas teagmhasach — Dliteanais theagmhasacha ar Chlár Comhardaithe Shócmhainneacht II	Luach Shócmhainneacht II na ndliteanas teagmhasach ar Chlár Comhardaithe Shócmhainneacht II. Ní thuairisceofar an luach sin ach amháin maidir le dliteanais theagmhasacha ar tuairiscíodh luach i mír C0010/R0330 in S.03.01 ina leith. Más lú an luach seo ná C0010/R0740 in S.02.01, soláthrófar míniú sa tuairisciú mionsonraithe.
C0050/R0510	Ráthaíochtaí neamhtheoranta - arna bhfáil	Léiriú maidir le cibé acu an ann nó nach ann do na ráthaíochtaí neamhtheoranta arna bhfáil. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 0 – ní bhfuarthas aon ráthaíocht neamhtheoranta; 1 – Ní bhfuarthas ráthaíochtaí neamhtheoranta ach ó aon ghrúpa amháin; 2 – Ní bhfuarthas ráthaíochtaí neamhtheoranta ach ó laistigh den ghrúpa amháin; 3 – Fuarthas ráthaíochtaí neamhtheoranta ón ngrúpa agus ó laistigh den ghrúpa.
C0050/R0520	Ráthaíochtaí neamhtheoranta - arna soláthar	Léiriú maidir le cibé acu an ann nó nach ann do na ráthaíochtaí neamhtheoranta arna soláthar. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 0 – níor soláthraíodh aon ráthaíocht neamhtheoranta; 1 – Níor sholáthair ach an grúpa ráthaíochtaí neamhtheoranta; 2 – Níor sholáthair ach eintiteas lasmuigh den ghrúpa ráthaíochtaí neamhtheoranta; 3 – Sholáthair an grúpa agus eintiteas lasmuigh den ghrúpa ráthaíochtaí neamhtheoranta.

S.05.01 — Préimheanna, éilimh agus costais de réir líne ghnó

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach ráithiúil agus bliantúil faisnéise le haghaidh grúpaí.

Tuairisceofar an teimpléad seo ó pheirspictíocht cuntasaíochta comhdhlúite, i.e.: GAAP áitiúil nó IFRS má ghlactar leis mar GAAP áitiúil ach má úsáidtear línte gnó Shócmhainneacht II. Úsáidfidh grúpaí an bonn aitheantais agus luachála faoi mar a dhéantar le haghaidh na ráiteas airgeadais foilsithe, ní éilítear aon aitheantas ná athluacháil nua mura sonraítear a mhalairt sna treoracha seo, ach amháin maidir leis an aicmiú idir conarthaí infheistíochta agus conarthaí árachais nó ceanglais tuairiscithe dhifriúla nuair is infheidhme é sin sna ráitis airgeadais. Áireofar leis an teimpléad seo gach gnó árachais gan beann ar an aicmiú difriúil a d'fhéadfadh a bheith idir conarthaí infheistíochta agus conarthaí árachais is infheidhme sna ráitis airgeadais.

Tuairisceofar préimheanna scríofa/tuillte mar a shainmhínítear in Airteagal 1(11) agus (12) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 gan beann ar cé acu a úsáidtear nó nach n-úsáidtear GAAP áitiúil nó IFRS.

Tá an teimpléad bunaithe ar bhonn bliain go dáta.

Ní chumhdaítear leis an teimpléad seo ach gnó árachais agus athárachais a thagann faoi raon feidhme na ráiteas airgeadais comhdhlúite.

	ÍTIM	TREORACHA

Oibleagáidí árachais agus athárachais neamhshaoil

C0010 go C0120/R0110	Préimheanna scríofa — Comhlán — Gnó Díreach	Cuimseoidh préimheanna comhlána scríofa gach méid atá dlite le linn na tréimhse tuairiscithe i leith conarthaí árachais, a eascraíonn as gnó árachais dhírigh, ainneoin go bhféadfadh baint a bheith ag na méideanna sin go hiomlán nó i bpáirt le tréimhse tuairiscithe níos deireanaí. Déanfar méid na gcánacha nó na muirear a bheidh toibhithe le préimheanna a eisiamh ó na préimheanna scríofa.
C0010 go C0120/R0120	Préimheanna scríofa — Comhlán — Athárachas comhréireach arna ghlacadh	Cuimseoidh préimheanna comhlána scríofa gach méid atá dlite le linn na tréimhse tuairiscithe i leith conarthaí árachais, a eascraíonn as gnó athárachais comhréirigh arna ghlacadh, ainneoin go bhféadfadh baint a bheith ag na méideanna sin go hiomlán nó i bpáirt le tréimhse tuairiscithe níos deireanaí. Déanfar méid na gcánacha nó na muirear a bheidh toibhithe le préimheanna a eisiamh ó na préimheanna scríofa.
C0130 go C0160/R0130	Préimheanna scríofa — Comhlán — Athárachas neamhréireach arna ghlacadh	Cuimseoidh préimheanna comhlána scríofa gach méid atá dlite le linn na tréimhse tuairiscithe i leith conarthaí árachais, a eascraíonn as gnó athárachais neamhréirigh arna ghlacadh, ainneoin go bhféadfadh baint a bheith ag na méideanna sin go hiomlán nó i bpáirt le tréimhse tuairiscithe níos deireanaí. Déanfar méid na gcánacha nó na muirear a bheidh toibhithe le préimheanna a eisiamh ó na préimheanna scríofa.
C0010 go C0160/R0140	Préimheanna scríofa – Sciar athárachóirí	Cuimseoidh préimheanna comhlána scríofa gach méid a géilleadh d'athárachóirí le linn na tréimhse tuairiscithe i leith conarthaí árachais, ainneoin go bhféadfadh baint a bheith ag na méideanna sin go hiomlán nó i bpáirt le tréimhse tuairiscithe níos deireanaí. Ba cheart méid na gcánacha nó na muirear a bheidh toibhithe le préimheanna a eisiamh ó na préimheanna scríofa.
C0010 go C0160/R0200	Préimheanna scríofa — glan	Léiríonn na glanphréimheanna scríofa suim an ghnó dhírigh agus an ghnó athárachais arna ghlacadh arna laghdú leis an méid a géilleadh do ghnóthais athárachais.
C0010 go C0120/R0210	Préimheanna tuillte – Comhlán – Gnó díreach	Suim na bpréimheanna comhlána scríofa lúide an t-athrú ar an soláthar comhlán le haghaidh préimheanna neamhthuillte a bhaineann le gnó árachais dhírigh. Déanfar méid na gcánacha nó na muirear a bheidh toibhithe le préimheanna a eisiamh ó na préimheanna scríofa.
C0010 go C0120/R0220	Préimheanna tuillte — Comhlán — Athárachas comhréireach arna ghlacadh	Suim na bpréimheanna comhlána scríofa lúide an t-athrú sa soláthar comhlán le haghaidh préimheanna neamhthuillte a bhaineann le gnó athárachais chomhréirigh arna ghlacadh. Déanfar méid na gcánacha nó na muirear a bheidh toibhithe le préimheanna a eisiamh ó na préimheanna tuillte.

	ÍTIM	TREORACHA
C0130 go C0160/R0230	Préimheanna tuillte — Comhlán — Athárachas neamhréireach arna ghlacadh	Suim na bpréimheanna comhlána scríofa lúide an t-athrú sa soláthar comhlán le haghaidh préimheanna neamhthuillte a bhaineann le gnó athárachais neamhréirigh arna ghlacadh. Déanfar méid na gcánacha nó na muirear a bheidh toibhithe le préimheanna a eisiamh ó na préimheanna scríofa.
C0010 go C0160/R0240	Préimheanna tuillte – sciar athárachóirí	Suim sciar an athárachóra i bpréimheanna comhlána scríofa lúide an t-athrú ar sciar an athárachóra sa soláthar le haghaidh préimheanna neamhthuillte. Déanfar méid na gcánacha nó na muirear a bheidh toibhithe le préimheanna a eisiamh ó na préimheanna scríofa.
C0010 go C0160/R0300	Préimheanna tuillte – Glan	Suim na bpréimheanna comhlána scríofa lúide an t-athrú ar an soláthar comhlán le haghaidh préimheanna neamhthuillte a bhaineann le suim an ghnó dhírigh agus an ghnó athárachais arna ghlacadh laghdaithe leis an méid a géilleadh do ghnóthais athárachais.
C0010 go C0120/R0310	Éilimh arna dtabhú Comhlán – Gnó díreach	Éilimh arna dtabhú sa tréimhse tuairiscithe mar a shainmhínítear i dTreoir 91/674/CEE, i gcás inarb infheidhme: ciallaíonn na héilimh arna dtabhú suim na n-éileamh arna n-íoc agus an t-athrú ar an soláthar d'éilimh (de réir an GAAP áitiúil nó IFRS a úsáideadh) le linn na tréimhse tuairiscithe a bhaineann le conarthaí árachais a eascraíonn as gnó árachais dhírigh. Ní áireofar leis sin costais bhainistíochta éileamh agus an ghluaiseacht i bhforálacha i gcostais bhainistíochta éileamh.
C0010 go C0120/R0320	Préimheanna arna dtabhú — Comhlán — Athárachas comhréireach arna ghlacadh	Éilimh arna dtabhú sa tréimhse tuairiscithe mar a shainmhínítear i dTreoir 91/674/CEE, i gcás inarb infheidhme: ciallaíonn na héilimh arna dtabhú suim na n-éileamh arna n-íoc agus an t-athrú ar an soláthar d'éilimh (de réir an GAAP áitiúil nó IFRS a úsáideadh) le linn na tréimhse tuairiscithe a bhaineann le conarthaí árachais a eascraíonn as an athárachas comhréireach comhlán arna ghlacadh. Ní áireofar leis sin costais bhainistíochta éileamh agus an ghluaiseacht i bhforálacha i gcostais bhainistíochta éileamh.
C0130 go C0160/R0330	Éilimh arna dtabhú — Comhlán — Athárachas neamhréireach arna ghlacadh	Éilimh arna dtabhú sa tréimhse tuairiscithe mar a shainmhínítear i dTreoir 91/674/CEE, i gcás inarb infheidhme: ciallaíonn na héilimh arna dtabhú suim na n-éileamh arna n-íoc agus an t-athrú ar an soláthar d'éilimh (de réir an GAAP áitiúil nó IFRS a úsáideadh) le linn na tréimhse tuairiscithe a bhaineann le conarthaí árachais a eascraíonn as an athárachas neamhréireach comhlán arna ghlacadh. Ní áireofar leis sin costais bhainistíochta éileamh agus an ghluaiseacht i bhforálacha i gcostais bhainistíochta éileamh.
C0010 go C0160/R0340	Éilimh arna dtabhú – Sciar athárachóirí	Éilimh arna dtabhú sa tréimhse tuairiscithe mar a shainmhínítear i dTreoir 91/674/CEE, i gcás inarb infheidhme: is é sin sciar an athárachóra de shuim na n-éileamh arna n-íoc agus an t-athrú ar an soláthar d'éilimh (de réir an GAAP áitiúil nó IFRS a úsáideadh) le linn na tréimhse tuairiscithe. Ní áireofar leis sin costais bhainistíochta éileamh agus an ghluaiseacht i bhforálacha i gcostais bhainistíochta éileamh.

	ÍTIM	TREORACHA
C0010 go C0160/R0400	Éilimh arna dtabhú – Glan	Éilimh arna dtabhú sa tréimhse tuairiscithe mar a shainmhínítear i dTreoir 91/674/CEE, i gcás inarb infheidhme: ciallaíonn na héilimh arna dtabhú suim na n-éileamh arna n-íoc agus an t-athrú ar an soláthar d'éilimh le linn na bliana airgeadais (de réir an GAAP áitiúil nó IFRS a úsáideadh) a bhaineann le suim an ghnó dhírigh agus an ghnó athárachais arna ghlacadh laghdaithe leis an méid a géilleadh do ghnóthais athárachais. Ní áireofar leis sin costais bhainistíochta éileamh agus an ghluaiseacht i bhforálacha i gcostais bhainistíochta éileamh.
C0010 go C0160/R0550	Costais arna dtabhú	Gach speansas teicniúil arna dtabhú ag an ngrúpa le linn na tréimhse tuairiscithe, ar bhonn fabhraithe.
C0010 go C0120/R0610	Costais riaracháin — Comhlán — gnó árachais dhírigh	Is é atá i gceist le costais riaracháin arna dtabhú ag an ngrúpa le linn na tréimhse tuairiscithe, ar bhonn fabhruithe, costais a bhaineann le riarachán polasaí lena n-áirítear costais i leith conarthaí árachais agus meáin shainchuspóireacha. Baineann costais riaracháin áirithe go díreach le gníomhaíocht maidir le conradh árachais sonrach (e.g. costas cothabhála) mar shampla costas billeála préimheanna, an costas ar fhaisnéis thráthrialta a sheoladh chuig sealbhóirí polasaí agus costas ar athruithe polasaí a láimhseáil (e.g. tiontuithe agus athshuíomhanna). Baineann costais riaracháin eile go díreach le gníomhaíocht árachais ach bíonn siad ina dtoradh ar ghníomhaíochtaí lena gcumhdaítear níos mó ná aon pholasaí amháin mar shampla tuarastail na foirne atá freagrach as riarachán polasaí. Baineann an méid leis an ngnó árachais dhírigh comhlán.
C0010 go C0120/R0620	Costais riaracháin — Comhlán — Athárachas comhréireach arna ghlacadh	Is é atá i gceist le costais riaracháin arna dtabhú ag an ngrúpa le linn na tréimhse tuairiscithe, ar bhonn fabhruithe, costais a bhaineann le riarachán polasaí lena n-áirítear costais i leith conarthaí árachais agus meáin shainchuspóireacha. Baineann costais riaracháin áirithe go díreach le gníomhaíocht maidir le conradh árachais sonrach (e.g. costas cothabhála) mar shampla costas billeála préimheanna, an costas ar fhaisnéis thráthrialta a sheoladh chuig sealbhóirí polasaí agus costas ar athruithe polasaí a láimhseáil (e.g. tiontuithe agus athshuíomhanna). Baineann costais riaracháin eile go díreach le gníomhaíocht árachais ach bíonn siad ina dtoradh ar ghníomhaíochtaí lena gcumhdaítear níos mó ná aon pholasaí amháin mar shampla tuarastail na foirne atá freagrach as riarachán polasaí. Baineann an méid leis an athárachas comhréireach comhlán arna ghlacadh.
C0130 go C0160/R0630	Costais riaracháin — Comhlán — Athárachas neamhréireach arna ghlacadh	Is é atá i gceist le costais riaracháin arna dtabhú ag an ngrúpa le linn na tréimhse tuairiscithe, ar bhonn fabhruithe, costais a bhaineann le riarachán polasaí lena n-áirítear costais i leith conarthaí árachais agus meáin shainchuspóireacha. Baineann costais riaracháin áirithe go díreach le gníomhaíocht maidir le conradh árachais sonrach (e.g. costas cothabhála) mar shampla costas billeála préimheanna, an costas ar fhaisnéis thráthrialta a sheoladh chuig sealbhóirí polasaí agus costas ar athruithe polasaí a láimhseáil (e.g. tiontuithe agus athshuíomhanna). Baineann costais riaracháin eile go díreach le gníomhaíocht árachais ach bíonn siad ina dtoradh ar ghníomhaíochtaí lena gcumhdaítear níos mó ná aon pholasaí amháin mar shampla tuarastail na foirne atá freagrach as riarachán polasaí. Baineann an méid leis an athárachas neamhréireach comhlán arna ghlacadh.

	ÍTIM	TREORACHA
C0010 go C0160/R0640	Costais riaracháin — sciar na n-athárachóirí	Is é atá i gceist le costais riaracháin arna dtabhú ag an ngrúpa le linn na tréimhse tuairiscithe, ar bhonn fabhruithe, costais a bhaineann le riarachán polasaí lena n-áirítear costais i leith conarthaí árachais agus meáin shainchuspóireacha. Baineann costais riaracháin áirithe go díreach le gníomhaíocht maidir le conradh árachais sonrach (e.g. costas cothabhála) mar shampla costas billeála préimheanna, an costas ar fhaisnéis thráthrialta a sheoladh chuig sealbhóirí polasaí agus costas ar athruithe polasaí a láimhseáil (e.g. tiontuithe agus athshuíomhanna). Baineann costais riaracháin eile go díreach le gníomhaíocht árachais ach bíonn siad ina dtoradh ar ghníomhaíochtaí lena gcumhdaítear níos mó ná aon pholasaí amháin mar shampla tuarastail na foirne atá freagrach as riarachán polasaí. Baineann an méid le sciar an athárachóra. Déanfar sciar na n-athárachóirí a shannadh de réir chineál costas de réir réamhshocrú; mura bhféadfar é sin a dhéanamh tuairisceofar é mar chostais éadála.
C0010 go C0160/R0700	Costais riaracháin — Glan	Is é atá i gceist le costais riaracháin arna dtabhú ag an ngrúpa le linn na tréimhse tuairiscithe, ar bhonn fabhruithe, costais a bhaineann le riarachán polasaí lena n-áirítear costais i leith conarthaí árachais agus meáin shainchuspóireacha. Baineann costais riaracháin áirithe go díreach le gníomhaíocht maidir le conradh árachais sonrach (e.g. costas cothabhála) mar shampla costas billeála préimheanna, an costas ar fhaisnéis thráthrialta a sheoladh chuig sealbhóirí polasaí agus costas ar athruithe polasaí a láimhseáil (e.g. tiontuithe agus athshuíomhanna). Baineann costais riaracháin eile go díreach le gníomhaíocht árachais ach bíonn siad ina dtoradh ar ghníomhaíochtaí lena gcumhdaítear níos mó ná aon pholasaí amháin mar shampla tuarastail na foirne atá freagrach as riarachán polasaí. Léiríonn na glanchostais riaracháin suim an ghnó árachais dhírigh agus an ghnó athárachais arna ghlacadh laghdaithe leis an méid a géilleadh do ghnóthais athárachais.
C0010 go C0160/R0710	Costais bainistíochta infheistíochta — Comhlán — gnó árachais dhírigh	Is iondúil nach sanntar costais bainistíochta infheistíochta ar bhonn polasaí ar pholasaí ach ar leibhéal punainne conarthaí árachais amháin. D'fhéadfaí a áireamh le costais bainistíochta infheistíochta costais maidir le coimeád taifead ar phunann na n-infheistíochtaí, tuarastail na foirne atá freagrach as infheistíocht, luach saothair sainchomhairleoirí seachtracha, costais a bhaineann le gníomhaíocht trádála infheistíochta (i.e. ceannach agus díol urrúis na punainne) agus i gcásanna áirithe luach saothair as seirbhísí cumhdaigh freisin. Baineann an méid leis an ngnó árachais dhírigh comhlán.
C0010 go C0120/R0720	Costais bainistíochta infheistíochta — Comhlán — athárachas comhréireach arna ghlacadh	Is iondúil nach sanntar costais bainistíochta infheistíochta ar bhonn polasaí ar pholasaí ach ar leibhéal punainne conarthaí árachais amháin. D'fhéadfaí a áireamh le costais bainistíochta infheistíochta costais maidir le coimeád taifead ar phunann na n-infheistíochtaí, tuarastail na foirne atá freagrach as infheistíocht, luach saothair sainchomhairleoirí seachtracha, costais a bhaineann le gníomhaíocht trádála infheistíochta (i.e. ceannach agus díol urrúis na punainne) agus i gcásanna áirithe luach saothair as seirbhísí cumhdaigh freisin. Baineann an méid leis an athárachas comhréireach comhlán arna ghlacadh.

	ÍTIM	TREORACHA
C0130 go C0160/R0730	Costais bainistíochta infheistíochta — Comhlán — athárachas neamhréireach arna ghlacadh	Is iondúil nach sanntar costais bainistíochta infheistíochta ar bhonn polasaí ar pholasaí ach ar leibhéal punainne conarthaí árachais amháin. D'fhéadfaí a áireamh le costais bainistíochta infheistíochta costais maidir le coimeád taifead ar phunann na n-infheistíochtaí, tuarastail na foirne atá freagrach as infheistíocht, luach saothair sainchomhairleoirí seachtracha, costais a bhaineann le gníomhaíocht trádála infheistíochta (i.e. ceannach agus díol urrúis na punainne) agus i gcásanna áirithe luach saothair as seirbhísí cumhdaigh freisin. Baineann an méid leis an athárachas neamhréireach comhlán arna ghlacadh.
C0010 go C0160/R0740	Costais bainistíochta infheistíochta — sciar na n-athárachóirí	Is iondúil nach sanntar costais bainistíochta infheistíochta ar bhonn polasaí ar pholasaí ach ar leibhéal punainne conarthaí árachais amháin. D'fhéadfaí a áireamh le costais bainistíochta infheistíochta costais maidir le coimeád taifead ar phunann na n-infheistíochtaí, tuarastail na foirne atá freagrach as infheistíocht, luach saothair sainchomhairleoirí seachtracha, costais a bhaineann le gníomhaíocht trádála infheistíochta (i.e. ceannach agus díol urrúis na punainne) agus i gcásanna áirithe luach saothair as seirbhísí cumhdaigh freisin. Baineann an méid le sciar na n-athárachóirí. Déanfar sciar na n-athárachóirí a shannadh de réir chineál costas de réir réamhshocrú; mura bhféadfar é sin a dhéanamh tuairisceofar é mar chostais éadála.
C0010 go C0160/R0800	Costais bainistíochta infheistíochta — Glan	Is iondúil nach sanntar costais bainistíochta infheistíochta ar bhonn polasaí ar pholasaí ach ar leibhéal punainne conarthaí árachais amháin. D'fhéadfaí a áireamh le costais bainistíochta infheistíochta costais maidir le coimeád taifead ar phunann na n-infheistíochtaí, tuarastail na foirne atá freagrach as infheistíocht, luach saothair sainchomhairleoirí seachtracha, costais a bhaineann le gníomhaíocht trádála infheistíochta (i.e. ceannach agus díol urrúis na punainne) agus i gcásanna áirithe luach saothair as seirbhísí cumhdaigh freisin. Baineann an méid le glanchostais bainistíochta infheistíochta. Léiríonn na glanchostais bainistíochta infheistíochta suim an ghnó árachais dhírigh agus an ghnó athárachais arna ghlacadh laghdaithe leis an méid a géilleadh do ghnóthais athárachais.
C0010 go C0120/R0810	Costais bainistíochta éileamh — Comhlán — gnó árachais dhírigh	Is é is costais bainistíochta éileamh ann costais a thabhófar de bharr éilimh a phróiseáil agus a réiteach, lena n-áirítear táillí dlí agus táillí an choigeartóra agus costais inmheánacha ar íocaíochtaí éilimh a phróiseáil. D'fhéadfaí cuid de na costais sin a shannadh d'éileamh aonair (e.g. táillí dlí agus táillí an choigeartóra), tá cuid eile ina dtoradh ar ghníomhaíochtaí lena gcumhdaítear níos mó ná aon éileamh amháin (e.g. tuarastail fhoireann na rannóige láimhseála éileamh). Baineann an méid leis an ngnó árachais dhírigh comhlán. Áireofar leis sin an ghluaiseacht i bhforálacha i gcostais bainistíochta éileamh.

	ÍTIM	TREORACHA
C0010 go C0120/R0820	Costais bainistíochta éileamh — Comhlán — Athárachas comhréireach arna ghlacadh	Is é is costais bainistíochta éileamh ann costais a thabhófar de bharr éilimh a phróiseáil agus a réiteach, lena n-áirítear táillí dlí agus táillí an choigeartóra agus costais inmheánacha ar íocaíochtaí éilimh a phróiseáil. D'fhéadfaí cuid de na costais sin a shannadh d'éileamh aonair (e.g. táillí dlí agus táillí an choigeartóra), tá cuid eile ina dtoradh ar ghníomhaíochtaí lena gcumhdaítear níos mó ná aon éileamh amháin (e.g. tuarastail fhoireann na rannóige láimhseála éileamh). Baineann an méid leis an athárachas comhréireach comhlán arna ghlacadh. Áireofar leis sin an ghluaiseacht i bhforálacha i gcostais bainistíochta éileamh.
C0130 go C0160/R0830	Costais bainistíochta éileamh — Comhlán — Athárachas neamhréireach arna ghlacadh	Is é is costais bainistíochta éileamh ann costais a thabhófar de bharr éilimh a phróiseáil agus a réiteach, lena n-áirítear táillí dlí agus táillí an choigeartóra agus costais inmheánacha ar íocaíochtaí éilimh a phróiseáil. D'fhéadfaí cuid de na costais sin a shannadh d'éileamh aonair (e.g. táillí dlí agus táillí an choigeartóra), tá cuid eile ina dtoradh ar ghníomhaíochtaí lena gcumhdaítear níos mó ná aon éileamh amháin (e.g. tuarastail fhoireann na rannóige láimhseála éileamh). Baineann an méid leis an athárachas neamhréireach comhlán arna ghlacadh. Áireofar leis sin an ghluaiseacht i bhforálacha i gcostais bainistíochta éileamh.
C0010 go C0160/R0840	Costais bainistíochta éileamh — Sciar na n-athárachóirí	Is é is costais bainistíochta éileamh ann costais a thabhófar de bharr éilimh a phróiseáil agus a réiteach, lena n-áirítear táillí dlí agus táillí an choigeartóra agus costais inmheánacha ar íocaíochtaí éilimh a phróiseáil. D'fhéadfaí cuid de na costais sin a shannadh d'éileamh aonair (e.g. táillí dlí agus táillí an choigeartóra), tá cuid eile ina dtoradh ar ghníomhaíochtaí lena gcumhdaítear níos mó ná aon éileamh amháin (e.g. tuarastail fhoireann na rannóige láimhseála éileamh). Baineann an méid le sciar na n-athárachóirí. Áireofar leis sin an ghluaiseacht i bhforálacha i gcostais bainistíochta éileamh. Déanfar sciar na n-athárachóirí a shannadh de réir chineál costas de réir réamhshocrú; mura bhféadfar é sin a dhéanamh tuairisceofar é mar chostais éadála.
C0010 go C0160/R0900	Costais bainistíochta éileamh — Glan	Is é is costais bainistíochta éileamh ann costais a thabhófar de bharr éilimh a phróiseáil agus a réiteach, lena n-áirítear táillí dlí agus táillí an choigeartóra agus costais inmheánacha ar íocaíochtaí éilimh a phróiseáil. D'fhéadfaí cuid de na costais sin a shannadh d'éileamh aonair (e.g. táillí dlí agus táillí an choigeartóra), tá cuid eile ina dtoradh ar ghníomhaíochtaí lena gcumhdaítear níos mó ná aon éileamh amháin (e.g. tuarastail fhoireann na rannóige láimhseála éileamh). Léiríonn na glanchostais bainistíochta éileamh suim an ghnó árachais dhírigh agus an ghnó athárachais arna ghlacadh laghdaithe leis an méid a géilleadh do ghnóthais athárachais. Áireofar leis sin an ghluaiseacht i bhforálacha i gcostais bainistíochta éileamh.

	ÍTIM	TREORACHA
C0010 go C0120/R0910	Costais éadála — Comhlán — gnó árachais dhírigh	Áirítear le costais éadála costais, lena n-áirítear costais athnuachana, ar féidir iad a shainaithint ar leibhéal an chonartha árachais aonair agus ar tabhaíodh iad toisc gur eisigh an grúpa an conradh áirithe sin. Is é atá iontu costais choimisiúin, costais ar chonradh árachais atá eisithe a dhíol, a fhrithghealladh agus a thionscnamh. Cuimsítear leo gluaiseachtaí i gcostais éadála iarchurtha. Cuirfear an sainmhíniú i bhfeidhm *mutatis mutandis* le haghaidh gnóthas athárachais. Baineann an méid leis an ngnó árachais dhírigh comhlán.
C0010 go C0120/R0920	Costais éadála — Comhlán — Athárachas comhréireach arna ghlacadh	Áirítear le costais éadála costais, lena n-áirítear costais athnuachana ar féidir iad a shainaithint ar leibhéal an chonartha árachais aonair agus ar tabhaíodh iad toisc gur eisigh an grúpa an conradh áirithe sin. Is é atá iontu costais choimisiúin, costais ar chonradh árachais atá eisithe a dhíol, a fhrithghealladh agus a thionscnamh. Cuimsítear leo gluaiseachtaí i gcostais éadála iarchurtha. Cuirfear an sainmhíniú i bhfeidhm *mutatis mutandis* le haghaidh gnóthas athárachais. Baineann an méid leis an athárachas comhréireach comhlán arna ghlacadh.
C0130 go C0160/R0930	Costais éadála — Comhlán — Athárachas neamhréireach arna ghlacadh	Áirítear le costais éadála costais, lena n-áirítear costais athnuachana ar féidir iad a shainaithint ar leibhéal an chonartha árachais aonair agus ar tabhaíodh iad toisc gur eisigh an grúpa an conradh áirithe sin. Is é atá iontu costais choimisiúin, costais ar chonradh árachais atá eisithe a dhíol, a fhrithghealladh agus a thionscnamh. Cuimsítear leo gluaiseachtaí i gcostais éadála iarchurtha. Cuirfear an sainmhíniú i bhfeidhm *mutatis mutandis* le haghaidh gnóthas athárachais. Baineann an méid leis an athárachas neamhréireach arna ghlacadh.
C0010 go C0160/R0940	Costais éadála — sciar na n-athárachóirí	Áirítear le costais éadála costais, lena n-áirítear costais athnuachana ar féidir iad a shainaithint ar leibhéal an chonartha árachais aonair agus ar tabhaíodh iad toisc gur eisigh an grúpa an conradh áirithe sin. Is é atá iontu costais choimisiúin, costais ar chonradh árachais atá eisithe a dhíol, a fhrithghealladh agus a thionscnamh. Cuimsítear leo gluaiseachtaí i gcostais éadála iarchurtha. Cuirfear an sainmhíniú i bhfeidhm *mutatis mutandis* le haghaidh gnóthas athárachais. Baineann an méid le sciar na n-athárachóirí. Déanfar sciar na n-athárachóirí a shannadh de réir chineál costas de réir réamhshocrú; mura bhféadfar é sin a dhéanamh tuairisceofar é mar chostais éadála.
C0010 go C0160/R1000	Costais éadála — Glan	Áirítear le costais éadála costais, lena n-áirítear costais athnuachana, ar féidir iad a shainaithint ar leibhéal an chonartha árachais aonair agus ar tabhaíodh iad toisc gur eisigh an grúpa an conradh áirithe sin. Is é atá iontu costais choimisiúin, costais ar chonradh árachais atá eisithe a dhíol, a fhrithghealladh agus a thionscnamh. Cuimsítear leo gluaiseachtaí i gcostais éadála iarchurtha. Cuirfear an sainmhíniú i bhfeidhm *mutatis mutandis* le haghaidh gnóthais athárachais. Léiríonn na glanchostais éadála suim an ghnó árachais dhírigh agus an ghnó athárachais arna ghlacadh laghdaithe leis an méid a géilleadh do ghnóthais athárachais.

	ÍTIM	TREORACHA
C0010 go C0120/R1010	Forchostais — gnó árachais dhírigh comhlán	Áirítear le forchostais tuarastail bainisteoirí ginearálta, costais iniúchóireachta agus costais laethúla thráthrialta i.e. bille leictreachais, cíos ar lóistín, costais TF. Áirítear leis na forchostais sin freisin costais a bhaineann le forbairt ghnó árachais agus athárachais nua, fógraíocht ar tháirgí árachais, feabhas a chur ar na próisis inmheánacha mar shampla infheistíocht i gcóras is gá chun tacú le gnó árachais agus athárachais (e.g. córas nua TF a cheannach agus bogearraí nua a fhorbairt). Baineann an méid leis an ngnó árachais dhírigh comhlán.
C0010 go C0120/R1020	Forchostais — Comhlán — Athárachas comhréireach arna ghlacadh	Áirítear le forchostais tuarastail bainisteoirí ginearálta, costais iniúchóireachta agus costais laethúla thráthrialta i.e. bille leictreachais, cíos ar lóistín, costais TF. Áirítear leis na forchostais sin freisin costais a bhaineann le forbairt ghnó árachais agus athárachais nua, fógraíocht ar tháirgí árachais, feabhas a chur ar na próisis inmheánacha mar shampla infheistíocht i gcóras is gá chun tacú le gnó árachais agus athárachais (e.g. córas nua TF a cheannach agus bogearraí nua a fhorbairt). Baineann an méid leis an athárachas comhréireach comhlán arna ghlacadh.
C0130 go C0160/R1030	Forchostais — Comhlán — Athárachas neamhréireach arna ghlacadh	Áirítear le forchostais tuarastail bainisteoirí ginearálta, costais iniúchóireachta agus costais laethúla thráthrialta i.e. bille leictreachais, cíos ar lóistín, costais TF. Áirítear leis na forchostais sin freisin costais a bhaineann le forbairt ghnó árachais agus athárachais nua, fógraíocht ar tháirgí árachais, feabhas a chur ar na próisis inmheánacha mar shampla infheistíocht i gcóras is gá chun tacú le gnó árachais agus athárachais (e.g. córas nua TF a cheannach agus bogearraí nua a fhorbairt). Baineann an méid leis an athárachas neamhréireach comhlán arna ghlacadh.
C0010 go C0160/R1040	Forchostais — Sciar na n-athárachóirí	Áirítear le forchostais tuarastail bainisteoirí ginearálta, costais iniúchóireachta agus costais laethúla thráthrialta i.e. bille leictreachais, cíos ar lóistín, costais TF. Áirítear leis na forchostais sin freisin costais a bhaineann le forbairt ghnó árachais agus athárachais nua, fógraíocht ar tháirgí árachais, feabhas a chur ar na próisis inmheánacha mar shampla infheistíocht i gcóras is gá chun tacú le gnó árachais agus athárachais (e.g. córas nua TF a cheannach agus bogearraí nua a fhorbairt). Baineann an méid le sciar na n-athárachóirí. Déanfar sciar na n-athárachóirí a shannadh de réir chineál costas de réir réamhshocrú; mura bhféadfar é sin a dhéanamh tuairisceofar é mar chostais éadála.

	ÍTIM	TREORACHA
C0010 go C0160/R1100	Forchostais — Glan	Áirítear le forchostais tuarastail bainisteoirí ginearálta, costais iniúchóireachta agus costais laethúla thráthrialta i.e. bille leictreachais, cíos ar lóistín, costais TF. Áirítear leis na forchostais sin freisin costais a bhaineann le forbairt ghnó árachais agus athárachais nua, fógraíocht ar tháirgí árachais, feabhas a chur ar na próisis inmheánacha mar shampla infheistíocht i gcóras is gá chun tacú le gnó árachais agus athárachais (e.g. córas nua TF a cheannach agus bogearraí nua a fhorbairt). Léiríonn na glan-fhorchostais suim an ghnó árachais dhírigh agus an ghnó athárachais arna ghlacadh laghdaithe leis an méid a géilleadh do ghnóthais athárachais.
C0200/R0110–R1100	Iomlán	Iomlán le haghaidh ítimí difriúla le haghaidh gach Líne Ghnó.
C0200/R1210	Iarmhéid – costais theicniúla/ioncam teicniúil eile	Glanspeanais/glanioncam teicniúil nach gcumhdaítear leis na costais/ioncam thuasluaite agus laghdaithe leis an méid a géilleadh do ghnóthais athárachais. Ní dhéanfar costais theicniúla/ioncam teicniúil eile a dheighilt de réir línte gnó. Ní áireofar leis athrú ar fhorálacha teicniúla eile agus costais/ioncam neamhtheicniúil amhail cáin, costais úis, caillteanais ar dhiúscairtí, etc. Déanfar méid na nglanchostas teicniúil/an ghlanioncaim theicniúil a thuairisciú go diúltach más mó méid an ioncaim theicniúil ná méid na gcostas teicniúil.
C0200/R1300	Costais iomlána	Méid na gcostas teicniúil uile

Oibleagáidí árachais saoil agus oibleagáidí athárachais

C0210 go C0280/R1410	Préimheanna scríofa – Comhlán	Cuimseoidh préimheanna comhlána scríofa gach méid atá dlite le linn na tréimhse tuairiscithe i leith conarthaí árachais, a eascraíonn as gnó comhlán, ainneoin go bhféadfadh baint a bheith ag na méideanna sin go hiomlán nó i bpáirt le tréimhse tuairiscithe níos deireanaí. Déanfar méid na gcánacha nó na muirear a bheidh toibhithe le préimheanna a eisiamh ó na préimheanna scríofa. Áirítear gnó díreach agus gnó athárachais araon leis.
C0210 go C0280/R1420	Préimheanna scríofa – Sciar athárachóirí	Cuimseoidh préimheanna comhlána scríofa gach méid a géilleadh d'athárachóirí atá dlite le linn na tréimhse tuairiscithe i leith conarthaí árachais, ainneoin go bhféadfadh baint a bheith ag na méideanna sin go hiomlán nó i bpáirt le tréimhse tuairiscithe níos deireanaí. Déanfar méid na gcánacha nó na muirear a bheidh toibhithe le préimheanna a eisiamh ó na préimheanna scríofa.
C0210 go C0280/R1500	Préimheanna scríofa — glan	Léiríonn na glanphréimheanna scríofa suim an ghnó dhírigh agus an ghnó athárachais arna ghlacadh arna laghdú leis an méid a géilleadh do ghnóthais athárachais.
C0210 go C0280/R1510	Préimheanna tuillte – Comhlán	Suim na bpréimheanna comhlána scríofa lúide an t-athrú ar an soláthar comhlán le haghaidh préimheanna neamhthuillte a bhaineann le gnó árachais dhírigh agus gnó athárachais dhírigh arna nglacadh. Ba cheart méid na gcánacha nó na muirear a bheidh toibhithe le préimheanna a eisiamh ó na préimheanna scríofa.
C0210 go C0280/R1520	Préimheanna tuillte – sciar athárachóirí	Sciar an athárachóra i bpréimheanna comhlána scríofa lúide an t-athrú ar sciar an athárachóra sa soláthar le haghaidh préimheanna neamhthuillte. Déanfar méid na gcánacha nó na muirear a bheidh toibhithe le préimheanna a eisiamh ó na préimheanna scríofa.

	ÍTIM	TREORACHA
C0210 go C0280/R1600	Préimheanna tuillte – Glan	Suim na bpréimheanna comhlána scríofa lúide an t-athrú ar an soláthar comhlán le haghaidh préimheanna neamhthuillte a bhaineann le suim an ghnó dhírigh agus an ghnó athárachais arna ghlacadh laghdaithe leis an méid a géilleadh do ghnóthais athárachais.
C0210 go C0280/R1610	Éilimh arna dtabhú – Comhlán	Éilimh arna dtabhú sa tréimhse tuairiscithe mar a shainmhínítear i dTreoir 91/674/CEE: ciallaíonn na héilimh arna dtabhú suim na n-éileamh arna n-íoc agus an t-athrú ar an soláthar d'éilimh le linn na tréimhse tuairiscithe (de réir an GAAP áitiúil nó IFRS a úsáideadh), a bhaineann le conarthaí árachais a eascraíonn as an ngnó árachais dhírigh agus athárachais. Ní áireofar leis sin costais bhainistíochta éileamh agus an ghluaiseacht i bhforálacha i gcostais bhainistíochta éileamh.
C0210 go C0280/R1620	Éilimh arna dtabhú – Sciar athárachóirí	Éilimh arna dtabhú sa tréimhse tuairiscithe mar a shainmhínítear i dTreoir 91/674/CEE: is é sin sciar an athárachóra de shuim na n-éileamh arna n-íoc agus an t-athrú ar an soláthar le haghaidh éileamh le linn na tréimhse tuairiscithe. Ní áireofar leis sin costais bhainistíochta éileamh agus an ghluaiseacht i bhforálacha i gcostais bhainistíochta éileamh.
C0210 go C0280/R1700	Éilimh arna dtabhú – Glan	Éilimh arna dtabhú sa tréimhse tuairiscithe mar a shainmhínítear i dTreoir 91/674/CEE: ciallaíonn na héilimh arna dtabhú suim na n-éileamh arna n-íoc agus an t-athrú ar an soláthar d'éilimh le linn na bliana airgeadais (de réir an GAAP áitiúil nó IFRS a úsáideadh) a bhaineann le suim an ghnó dhírigh agus an ghnó athárachais arna ghlacadh laghdaithe leis an méid a géilleadh do ghnóthais athárachais. Ní áireofar leis sin costais bhainistíochta éileamh agus an ghluaiseacht i bhforálacha i gcostais bhainistíochta éileamh.
C0210 go C0280/R1900	Costais arna dtabhú	Gach speansas teicniúil arna dtabhú ag an ngrúpa le linn na tréimhse tuairiscithe, ar bhonn fabhraithe.
C0210 go C0280/R1910	Costais riaracháin — Comhlán	Is é atá i gceist le costais riaracháin arna dtabhú ag an ngrúpa le linn na tréimhse tuairiscithe, ar bhonn fabhruithe, costais a bhaineann le riarachán polasaí lena n-áirítear costais i leith conarthaí árachais agus meáin shainchuspóireacha. Baineann costais riaracháin áirithe go díreach le gníomhaíocht maidir le conradh árachais sonrach (e.g. costas cothabhála) mar shampla costas billeála préimheanna, an costas ar fhaisnéis thráthrialta a sheoladh chuig sealbhóirí polasaí agus costas ar athruithe polasaí a láimhseáil (e.g. tiontuithe agus athshuíomhanna). Baineann costais riaracháin eile go díreach le gníomhaíocht árachais ach bíonn siad ina dtoradh ar ghníomhaíochtaí lena gcumhdaítear níos mó ná aon pholasaí amháin mar shampla tuarastail na foirne atá freagrach as riarachán polasaí. Baineann an méid leis an ngnó árachais dhírigh agus athárachais comhlán.

	ÍTIM	TREORACHA
C0210 go C0280/R1920	Costais riaracháin — sciar na n-athárachóirí	Is é atá i gceist le costais riaracháin arna dtabhú ag an ngrúpa le linn na tréimhse tuairiscithe, ar bhonn fabhruithe, costais a bhaineann le riarachán polasaí lena n-áirítear costais i leith conarthaí árachais agus meáin shainchuspóireacha. Baineann costais riaracháin áirithe go díreach le gníomhaíocht maidir le conradh árachais sonrach (e.g. costas cothabhála) mar shampla costas billeála préimheanna, an costas ar fhaisnéis thráthrialta a sheoladh chuig sealbhóirí polasaí agus costas ar athruithe polasaí a láimhseáil (e.g. tiontuithe agus athshuíomhanna). Baineann costais riaracháin eile go díreach le gníomhaíocht árachais ach bíonn siad ina dtoradh ar ghníomhaíochtaí lena gcumhdaítear níos mó ná aon pholasaí amháin mar shampla tuarastail na foirne atá freagrach as riarachán polasaí. Baineann an méid le sciar an athárachóra. Déanfar sciar na n-athárachóirí a shannadh de réir chineál costas de réir réamhshocrú; mura bhféadfar é sin a dhéanamh tuairisceofar é mar chostais éadála.
C0210 go C0280/R2000	Costais riaracháin — Glan	Is é atá i gceist le costais riaracháin arna dtabhú ag an ngrúpa le linn na tréimhse tuairiscithe, ar bhonn fabhruithe, costais a bhaineann le riarachán polasaí lena n-áirítear costais i leith conarthaí árachais agus meáin shainchuspóireacha. Baineann costais riaracháin áirithe go díreach le gníomhaíocht maidir le conradh árachais sonrach (e.g. costas cothabhála) mar shampla costas billeála préimheanna, an costas ar fhaisnéis thráthrialta a sheoladh chuig sealbhóirí polasaí agus costas ar athruithe polasaí a láimhseáil (e.g. tiontuithe agus athshuíomhanna). Baineann costais riaracháin eile go díreach le gníomhaíocht árachais ach bíonn siad ina dtoradh ar ghníomhaíochtaí lena gcumhdaítear níos mó ná aon pholasaí amháin mar shampla tuarastail na foirne atá freagrach as riarachán polasaí. Baineann an méid leis na glanchostais riaracháin. Léiríonn na glanchostais riaracháin suim an ghnó árachais dhírigh agus an ghnó athárachais arna ghlacadh laghdaithe leis an méid a géilleadh do ghnóthais athárachais.
C0210 go C0280/R2010	Costais bainistíochta infheistíochta — Comhlán	Is iondúil nach sanntar costais bainistíochta infheistíochta ar bhonn polasaí ar pholasaí ach ar leibhéal punainne conarthaí árachais amháin. D'fhéadfaí a áireamh le costais bainistíochta infheistíochta costais maidir le coimeád taifead ar phunann na n-infheistíochtaí, tuarastail na foirne atá freagrach as infheistíocht, luach saothair sainchomhairleoirí seachtracha, costais a bhaineann le gníomhaíocht trádála infheistíochta (i.e. ceannach agus díol urrúis na punainne) agus i gcásanna áirithe luach saothair as seirbhísí cumhdaigh freisin. Baineann an méid leis an ngnó árachais dhírigh agus athárachais comhlán.
C0210 go C0280/R2020	Costais bainistíochta infheistíochta — sciar na n-athárachóirí	Is iondúil nach sanntar costais bainistíochta infheistíochta ar bhonn polasaí ar pholasaí ach ar leibhéal punainne conarthaí árachais amháin. D'fhéadfaí a áireamh le costais bainistíochta infheistíochta costais maidir le coimeád taifead ar phunann na n-infheistíochtaí, tuarastail na foirne atá freagrach as infheistíocht, luach saothair sainchomhairleoirí seachtracha, costais a bhaineann le gníomhaíocht trádála infheistíochta (i.e. ceannach agus díol urrúis na punainne) agus i gcásanna áirithe luach saothair as seirbhísí cumhdaigh freisin.

	ÍTIM	TREORACHA
		Baineann an méid le sciar na n-athárachóirí. Déanfar sciar na n-athárachóirí a shannadh de réir chineál costas de réir réamhshocrú; mura bhféadfar é sin a dhéanamh tuairisceofar é mar chostais éadála.
C0210 go C0280/R2100	Costais bainistíochta infheistíochta — Glan	Is iondúil nach sanntar costais bainistíochta infheistíochta ar bhonn polasaí ar pholasaí ach ar leibhéal punainne conarthaí árachais amháin. D'fhéadfaí a áireamh le costais bainistíochta infheistíochta costais maidir le coimeád taifead ar phunann na n-infheistíochtaí, tuarastail na foirne atá freagrach as infheistíocht, luach saothair sainchomhairleoirí seachtracha, costais a bhaineann le gníomhaíocht trádála infheistíochta (i.e. ceannach agus díol urrúis na punainne) agus i gcásanna áirithe luach saothair as seirbhísí cumhdaigh freisin. Baineann an méid le glanchostais bainistíochta infheistíochta. Léiríonn na glanchostais bainistíochta infheistíochta suim an ghnó árachais dhírigh agus an ghnó athárachais arna ghlacadh laghdaithe leis an méid a géilleadh do ghnóthais athárachais.
C0210 go C0280/R2110	Costais bainistíochta éileamh — Comhlán	Is é is costais bainistíochta éileamh ann costais a thabhófar de bharr éilimh a phróiseáil agus a réiteach, lena n-áirítear táillí dlí agus táillí an choigeartóra agus costais inmheánacha ar íocaíochtaí éilimh a phróiseáil. D'fhéadfaí cuid de na costais sin a shannadh d'éileamh aonair (e.g. táillí dlí agus táillí an choigeartóra), tá cuid eile ina dtoradh ar ghníomhaíochtaí lena gcumhdaítear níos mó ná aon éileamh amháin (e.g. tuarastail fhoireann na rannóige láimhseála éileamh). Baineann an méid leis an ngnó árachais dhírigh agus athárachais comhlán. Áireofar leis sin an ghluaiseacht i bhforálacha i gcostais bainistíochta éileamh.
C0210 go C0280/R2120	Costais bainistíochta éileamh — Sciar na n-athárachóirí	Is é is costais bainistíochta éileamh ann costais a thabhófar de bharr éilimh a phróiseáil agus a réiteach, lena n-áirítear táillí dlí agus táillí an choigeartóra agus costais inmheánacha ar íocaíochtaí éilimh a phróiseáil. D'fhéadfaí cuid de na costais sin a shannadh d'éileamh aonair (e.g. táillí dlí agus táillí an choigeartóra), tá cuid eile ina dtoradh ar ghníomhaíochtaí lena gcumhdaítear níos mó ná aon éileamh amháin (e.g. tuarastail fhoireann na rannóige láimhseála éileamh). Baineann an méid le sciar na n-athárachóirí. Áireofar leis sin an ghluaiseacht i bhforálacha i gcostais bainistíochta éileamh. Déanfar sciar na n-athárachóirí a shannadh de réir chineál costas de réir réamhshocrú; mura bhféadfar é sin a dhéanamh tuairisceofar é mar chostais éadála.
C0210 go C0280/R2200	Costais bainistíochta éileamh — Glan	Is é is costais bainistíochta éileamh ann costais a thabhófar de bharr éilimh a phróiseáil agus a réiteach, lena n-áirítear táillí dlí agus táillí an choigeartóra agus costais inmheánacha ar íocaíochtaí éilimh a phróiseáil. D'fhéadfaí cuid de na costais sin a shannadh d'éileamh aonair (e.g. táillí dlí agus táillí an choigeartóra), tá cuid eile ina dtoradh ar ghníomhaíochtaí lena gcumhdaítear níos mó ná aon éileamh amháin (e.g. tuarastail fhoireann na rannóige láimhseála éileamh).

	ÍTIM	TREORACHA
		Léiríonn na glanchostais bainistíochta éileamh suim an ghnó árachais dhírigh agus an ghnó athárachais arna ghlacadh laghdaithe leis an méid a géilleadh do ghnóthais athárachais. Áireofar leis sin an ghluaiseacht i bhforálacha i gcostais bainistíochta éileamh.
C0210 go C0280/R2210	Costais éadála — Comhlán	Áirítear le costais éadála costais ar féidir iad a shainaithint ar leibhéal an chonartha árachais aonair agus ar tabhaíodh iad toisc gur eisigh an grúpa an conradh áirithe sin. Is é atá iontu costais choimisiúin, costais ar chonradh árachais atá eisithe a dhíol, a fhrithghealladh agus a thionscnamh. Cuimsítear leo gluaiseachtaí i gcostais éadála iarchurtha. Cuirfear an sainmhíniú i bhfeidhm *mutatis mutandis* le haghaidh gnóthas athárachais. Baineann an méid leis an ngnó árachais dhírigh agus athárachais comhlán.
C0210 go C0280/R2220	Costais éadála — sciar na n-athárachóirí	Áirítear le costais éadála costais ar féidir iad a shainaithint ar leibhéal an chonartha árachais aonair agus ar tabhaíodh iad toisc gur eisigh an grúpa an conradh áirithe sin. Is é atá iontu costais choimisiúin, costais ar chonradh árachais atá eisithe a dhíol, a fhrithghealladh agus a thionscnamh. Cuimsítear leo gluaiseachtaí i gcostais éadála iarchurtha. Cuirfear an sainmhíniú i bhfeidhm *mutatis mutandis* le haghaidh gnóthas athárachais. Baineann an méid le sciar na n-athárachóirí. Déanfar sciar na n-athárachóirí a shannadh de réir chineál costas de réir réamhshocrú; mura bhféadfar é sin a dhéanamh tuairisceofar é mar chostais éadála.
C0210 go C0280/R2300	Costais éadála — Glan	Áirítear le costais éadála costais ar féidir iad a shainaithint ar leibhéal an chonartha árachais aonair agus ar tabhaíodh iad toisc gur eisigh an grúpa an conradh áirithe sin. Is é atá iontu costais choimisiúin, costais ar chonradh árachais atá eisithe a dhíol, a fhrithghealladh agus a thionscnamh. Cuimsítear leo gluaiseachtaí i gcostais éadála iarchurtha. Cuirfear an sainmhíniú i bhfeidhm *mutatis mutandis* le haghaidh gnóthas athárachais. Léiríonn na glanchostais éadála suim an ghnó árachais dhírigh agus an ghnó athárachais arna ghlacadh laghdaithe leis an méid a géilleadh do ghnóthais athárachais.
C0210 go C0280/R2310	Forchostais — Comhlán	Áirítear le forchostais tuarastail bainisteoirí ginearálta, costais iniúchóireachta agus costais laethúla thráthrialta i.e. bille leictreachais, cíos ar lóistín, costais TF. Áirítear leis na forchostais sin freisin costais a bhaineann le forbairt ghnó árachais agus athárachais nua, fógraíocht ar tháirgí árachais, feabhas a chur ar na próisis inmheánacha mar shampla infheistíocht i gcóras is gá chun tacú le gnó árachais agus athárachais (e.g. córas nua TF a cheannach agus bogearraí nua a fhorbairt). Baineann an méid leis an ngnó árachais dhírigh agus athárachais comhlán.

	ÍTIM	TREORACHA
C0210 go C0280/R2320	Forchostais — Sciar na n-athárachóirí	Áirítear le forchostais tuarastail bainisteoirí ginearálta, costais iniúchóireachta agus costais laethúla thráthrialta i.e. bille leictreachais, cíos ar lóistín, costais TF. Áirítear leis na forchostais sin freisin costais a bhaineann le forbairt ghnó árachais agus athárachais nua, fógraíocht ar tháirgí árachais, feabhas a chur ar na próisis inmheánacha mar shampla infheistíocht i gcóras is gá chun tacú le gnó árachais agus athárachais (e.g. córas nua TF a cheannach agus bogearraí nua a fhorbairt). Baineann an méid le sciar na n-athárachóirí. Déanfar sciar na n-athárachóirí a shannadh de réir chineál costas de réir réamhshocrú; mura bhféadfar é sin a dhéanamh tuairisceofar é mar chostais éadála.
C0210 go C0280/R2400	Forchostais — Glan	Áirítear le forchostais tuarastail bainisteoirí ginearálta, costais iniúchóireachta agus costais laethúla thráthrialta i.e. bille leictreachais, cíos ar lóistín, costais TF. Áirítear leis na forchostais sin freisin costais a bhaineann le forbairt ghnó árachais agus athárachais nua, fógraíocht ar tháirgí árachais, feabhas a chur ar na próisis inmheánacha mar shampla infheistíocht i gcóras is gá chun tacú le gnó árachais agus athárachais (e.g. córas nua TF a cheannach agus bogearraí nua a fhorbairt). Is iad na glan-fhorchostais suim an ghnó árachais agus an ghnó athárachais arna ghlacadh, arna laghdú faoin méid a géilleadh do ghnóthais athárachais.
C0300/R1410–R2400	Iomlán	Iomlán le haghaidh ítimí difriúla le haghaidh gach líne ghnó.
C0300/R2510	Iarmhéid - costais theicniúla/ioncam teicniúil eile	Glanspeanais/glanioncam teicniúil nach gcumhdaítear leis na costais/ioncam thuasluaite agus laghdaithe leis an méid a géilleadh do ghnóthais athárachais. Ní dhéanfar costais theicniúla/ioncam teicniúil eile a dheighilt de réir línte gnó. Ní áireofar leis athrú ar fhorálacha teicniúla eile agus costais/ioncam neamhtheicniúil amhail cáin, costais úis, caillteanais ar dhiúscairtí, etc. Déanfar méid na nglanchostas teicniúil/an ghlanioncaim theicniúil a thuairisciú go diúltach más mó méid an ioncaim theicniúil ná méid na gcostas teicniúil.
C0300/R2600	Costais iomlána	Méid na gcostas teicniúil uile.
C0210 go C0280/R2700	Méid iomlán a géilleadh	Léirítear leis an méid sin an méid iomlán a géilleadh le linn na bliana. Tuairiscítear an méid sin freisin faoi éilimh arna dtabhú (mír R1610).

S.05.02 — Préimheanna, éilimh agus costais de réir tíre

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh grúpaí. Níl an teimpléad dlite i gcás nach infheidhme na tairseacha tuairiscithe de réir tíre, i.e. is í an tír bhaile atá i gceist le 90 % nó níos mó d'iomlán na bpréimheanna scríofa comhlána.

Tuairisceofar an teimpléad seo ó pheirspictíocht cuntasaíochta, i.e.: GAAP áitiúil nó IFRS má ghlactar leis mar GAAP áitiúil. Úsáidfidh grúpaí an bonn aitheantais agus luachála mar a dhéantar le haghaidh na ráiteas airgeadais foilsithe; ní éilítear aon aitheantas ná athluacháil nua ach amháin maidir leis an aicmiú idir conarthaí infheistíochta agus conarthaí árachais nuair is infheidhme é sin sna ráitis airgeadais. Áireofar leis an teimpléad seo gach gnó árachais gan beann ar an aicmiú difriúil a d'fhéadfadh a bheith idir conarthaí infheistíochta agus conarthaí árachais is infheidhme sna ráitis airgeadais.

Ní chumhdaítear leis an teimpléad seo ach gnó árachais agus athárachais a thagann faoi raon feidhme na peirspictíochta cuntasaíochta comhdhlúite.

Úsáidfear na critéir seo a leanas le haghaidh aicmiú de réir tíre:

— An fhaisnéis a sholáthrófar de réir tíre, líonfar isteach í le haghaidh na gcúig thír a bhfuil an méid is mó préimheanna comhlána scríofa acu chomh maith leis an tír bhaile, nó go dtí go sroichfear 90 % d'iomlán na bpréimheanna comhlána scríofa;

— Maidir leis an ngnó árachais dhírigh le haghaidh na línte gnó "Caiteachas leighis", "Cosaint ioncaim", "Gortuithe tionsclaíocha", "Dóiteán agus damáiste eile do mhaoin" agus "Creidmheas agus urraíocht", tuairisceofar an fhaisnéis de réir na tíre ina bhfuil an riosca suite mar a shainmhínítear in Airteagal 13 (13) de Threoir 2009/138/CE;

— I gcás gnó árachais dhírigh le haghaidh gach líne ghnó eile, nochtfar faisnéis de réir na tíre ina ndearnadh an conradh;

— Maidir le hárachas comhréireach agus neamhréireach, tuairisceofar faisnéis de réir thír logánaithe an ghnóthais ghéillte.

Chun críocha an teimpléid seo, ciallaíonn "tír ina ndearnadh an conradh":

a) An tír ina bhfuil an gnóthas árachais bunaithe (tír bhaile) i gcás nár díoladh an conradh trí bhrainse nó saoirse chun seirbhísí a sholáthar;

b) An tír ina bhfuil an brainse lonnaithe (tír óstach) i gcás inar díoladh an conradh trí bhrainse;

c) An tír inar tugadh fógra faoin tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar (tír óstach) i gcás inar díoladh an conradh trí shaoirse chun seirbhísí a sholáthar.

d) I gcás ina n-úsáidtear idirghabhálaí nó in aon chás eile, is a), b) nó c) atá ann ag brath ar cé a dhíol an conradh.

	ÍTIM	TREORACHA
Oibleagáidí árachais agus athárachais neamhshaoil		
C0020 go C0060/R0010	Na cúig thír is mó (de réir mhéid na bpréimheanna comhlána scríofa) — oibleagáidí neamhshaoil	Sainaithin cód alfa-2 ISO 3166–1 na dtíortha atá á dtuairisciú le haghaidh na n-oibleagáidí neamhshaoil.
C0080 go C0140/R0110	Préimheanna scríofa — Comhlán — Gnó Díreach	An sainmhíniú ar phréimheanna scríofa a sholáthraítear le cur i bhfeidhm Threoir 91/674/CEE i gcás inarb infheidhme: cuimseoidh préimheanna comhlána scríofa gach méid atá dlite le linn na tréimhse tuairiscithe i leith conarthaí árachais, a eascraíonn as gnó árachais dhírigh, ainneoin go bhféadfadh baint a bheith ag na méideanna sin go hiomlán nó i bpáirt le tréimhse tuairiscithe níos deireanaí.
C0080 go C0140/R0120	Préimheanna scríofa — Comhlán — Athárachas comhréireach arna ghlacadh	An sainmhíniú ar phréimheanna scríofa a sholáthraítear le cur i bhfeidhm Threoir 91/674/CEE i gcás inarb infheidhme: cuimseoidh préimheanna comhlána scríofa gach méid atá dlite le linn na tréimhse tuairiscithe i leith conarthaí árachais, a eascraíonn as gnó athárachais chomhréirigh arna ghlacadh, ainneoin go bhféadfadh baint a bheith ag na méideanna sin go hiomlán nó i bpáirt le tréimhse tuairiscithe níos deireanaí.

	ÍTIM	TREORACHA
C0080 go C0140/R0130	Préimheanna scríofa — Comhlán — Athárachas neamhréireach arna ghlacadh	An sainmhíniú ar phréimheanna scríofa a sholáthraítear le cur i bhfeidhm Threoir 91/674/CEE i gcás inarb infheidhme: cuimseoidh préimheanna comhlána scríofa gach méid atá dlite le linn na tréimhse tuairiscithe i leith conarthaí árachais, a eascraíonn as gnó athárachais neamhréirigh arna ghlacadh, ainneoin go bhféadfadh baint a bheith ag na méideanna sin go hiomlán nó i bpáirt le tréimhse tuairiscithe níos deireanaí.
C0080 go C0140/R0140	Préimheanna scríofa – Sciar athárachóirí	An sainmhíniú ar phréimheanna scríofa a sholáthraítear le cur i bhfeidhm Threoir 91/674/CEE i gcás inarb infheidhme: cuimseoidh préimheanna comhlána scríofa gach méid a géilleadh d'athárachóirí le linn na tréimhse tuairiscithe i leith conarthaí árachais, ainneoin go bhféadfadh baint a bheith ag na méideanna sin go hiomlán nó i bpáirt le tréimhse tuairiscithe níos deireanaí.
C0080 go C0140/R0200	Préimheanna scríofa — Glan	An sainmhíniú ar phréimheanna scríofa a sholáthraítear le cur i bhfeidhm Threoir 91/674/CEE i gcás inarb infheidhme: léiríonn na glanphréimheanna scríofa suim an ghnó dhírigh agus an ghnó athárachais arna ghlacadh laghdaithe leis an méid a géilleadh do ghnóthais athárachais.
C0080 go C0140/R0210	Préimheanna tuillte – Comhlán – Gnó díreach	An sainmhíniú ar phréimheanna tuillte a sholáthraítear le Treoir 91/674/CEE i gcás inarb infheidhme: is é atá ann suim na bpréimheanna comhlána scríofa lúide an t-athrú sa soláthar comhlán le haghaidh préimheanna neamhthuillte a bhaineann le gnó árachais dhírigh.
C0080 go C0140/R0220	Préimheanna tuillte — Comhlán — Athárachas comhréireach arna ghlacadh	An sainmhíniú ar phréimheanna tuillte a sholáthraítear le Treoir 91/674/CEE i gcás inarb infheidhme: is é sin suim na bpréimheanna comhlána scríofa lúide an t-athrú sa soláthar comhlán le haghaidh préimheanna neamhthuillte a bhaineann le gnó athárachais chomhréirigh arna ghlacadh.
C0080 go C0140/R0230	Préimheanna tuillte — Comhlán — Athárachas neamhréireach arna ghlacadh	An sainmhíniú ar phréimheanna tuillte a sholáthraítear le Treoir 91/674/CEE i gcás inarb infheidhme: is é sin suim na bpréimheanna comhlána scríofa lúide an t-athrú sa soláthar comhlán le haghaidh préimheanna neamhthuillte a bhaineann le gnó athárachais neamhréirigh arna ghlacadh.
C0080 go C0140/R0240	Préimheanna tuillte — Sciar athárachóirí	An sainmhíniú ar phréimheanna tuillte a sholáthraítear le Treoir 91/674/CEE i gcás inarb infheidhme: is é sin suim sciar an athárachóra i bpréimheanna comhlána scríofa lúide an t-athrú ar sciar an athárachóra sa soláthar le haghaidh préimheanna neamhthuillte.
C0080 go C0140/R0300	Préimheanna tuillte – Glan	An sainmhíniú ar phréimheanna tuillte a sholáthraítear le Treoir 91/674/CEE i gcás inarb infheidhme: is é sin suim na bpréimheanna comhlána scríofa lúide an t-athrú ar an soláthar comhlán le haghaidh préimheanna neamhthuillte a bhaineann le suim an ghnó dhírigh agus an ghnó athárachais arna ghlacadh laghdaithe leis an méid a géilleadh do ghnóthais athárachais.

	ÍTIM	TREORACHA
C0080 go C0140/R0310	Éilimh arna dtabhú Comhlán – Gnó díreach	Éilimh arna dtabhú sa tréimhse tuairiscithe mar a shainmhínítear i dTreoir 91/674/CEE, i gcás inarb infheidhme: ciallaíonn na héilimh arna dtabhú suim na n-éileamh arna n-íoc agus an t-athrú ar an soláthar d'éilimh le linn na bliana airgeadais a bhaineann le conarthaí árachais a eascraíonn as gnó díreach. Ní áireofar leis sin costais bhainistíochta éileamh agus an ghluaiseacht i bhforálacha i gcostais bhainistíochta éileamh.
C0080 go C0140/R0320	Préimheanna arna dtabhú — Comhlán — Athárachas comhréireach arna ghlacadh	Éilimh arna dtabhú sa tréimhse tuairiscithe mar a shainmhínítear i dTreoir 91/674/CEE, i gcás inarb infheidhme: ciallaíonn na héilimh arna dtabhú suim na n-éileamh arna n-íoc agus an t-athrú ar an soláthar d'éilimh le linn na bliana airgeadais a bhaineann le conarthaí árachais a eascraíonn as athárachas comhréireach arna ghlacadh. Ní áireofar leis sin costais bhainistíochta éileamh agus an ghluaiseacht i bhforálacha i gcostais bhainistíochta éileamh.
C0080 go C0140/R0330	Éilimh arna dtabhú — Comhlán — Athárachas neamhréireach arna ghlacadh	Éilimh arna dtabhú sa tréimhse tuairiscithe mar a shainmhínítear i dTreoir 91/674/CEE, i gcás inarb infheidhme: ciallaíonn na héilimh arna dtabhú suim na n-éileamh arna n-íoc agus an t-athrú ar an soláthar d'éilimh le linn na bliana airgeadais a bhaineann le conarthaí árachais a eascraíonn as athárachas neamhréireach arna ghlacadh. Ní áireofar leis sin costais bhainistíochta éileamh agus an ghluaiseacht i bhforálacha i gcostais bhainistíochta éileamh.
C0080 go C0140/R0340	Éilimh arna dtabhú – Sciar athárachóirí	Éilimh arna dtabhú sa tréimhse tuairiscithe mar a shainmhínítear i dTreoir 91/674/CEE, i gcás inarb infheidhme: is é sin sciar an athárachóra de shuim na n-éileamh arna n-íoc agus an t-athrú ar an soláthar le haghaidh éileamh le linn na tréimhse tuairiscithe. Ní áireofar leis sin costais bhainistíochta éileamh agus an ghluaiseacht i bhforálacha i gcostais bhainistíochta éileamh.
C0080 go C0140/R0400	Éilimh arna dtabhú – Glan	Éilimh arna dtabhú sa tréimhse tuairiscithe mar a shainmhínítear i dTreoir 91/674/CEE, i gcás inarb infheidhme: ciallaíonn na héilimh arna dtabhú suim na n-éileamh arna n-íoc agus an t-athrú ar an soláthar d'éilimh le linn na bliana airgeadais a bhaineann le suim an ghnó dhírigh agus an ghnó athárachais arna ghlacadh laghdaithe leis an méid a géilleadh do ghnóthais athárachais. Ní áireofar leis sin costais bhainistíochta éileamh agus an ghluaiseacht i bhforálacha i gcostais bhainistíochta éileamh.
C0080 go C0140/R0550	Costais arna dtabhú	Gach speansas teicniúil arna dtabhú ag an ngrúpa le linn na tréimhse tuairiscithe, ar bhonn fabhraithe.

	ÍTIM	TREORACHA
C0140/R1210	Iarmhéid – costais theicniúla/ioncam teicniúil eile	Speansais theicniúla/ioncam teicniúil eile nach gcumhdaítear leis na speansais thuasluaite agus nach bhfuil deighilte ag línte gnó. Níor cheart costais neamhtheicniúla mar atá cáin, costais úis, caillteanais ar dhiúscairtí, etc. a áireamh leis.
C0140/R1300	Costais theicniúla iomlána	Méid na speansas teicniúil uile a chomhfhreagraíonn do na tíortha a chumhdaítear leis an teimpléad seo.
Oibleagáidí árachais saoil		
C0160 go C0200/R1400	Na 5 thír is mó (de réir mhéid na bpréimheanna comhlána scríofa) — oibleagáidí saoil	Sainaithin cód alfa-2 ISO 3166–1 na dtíortha atá á dtuairisciú le haghaidh na n-oibleagáidí saoil.
C0220 go C0280/R1410	Préimheanna scríofa – Comhlán	An sainmhíniú ar phréimheanna scríofa a sholáthraítear le cur i bhfeidhm Threoir 91/674/CEE i gcás inarb infheidhme: cuimseoidh préimheanna comhlána scríofa gach méid atá dlite le linn na tréimhse tuairiscithe i leith conarthaí árachais, a eascraíonn as gnó comhlán, ainneoin go bhféadfadh baint a bheith ag na méideanna sin go hiomlán nó i bpáirt le tréimhse tuairiscithe níos deireanaí.
C0220 go C0280/R1420	Préimheanna scríofa – Sciar athárachóirí	An sainmhíniú ar phréimheanna scríofa a sholáthraítear le cur i bhfeidhm Threoir 91/674/CEE i gcás inarb infheidhme: cuimseoidh préimheanna comhlána scríofa gach méid a géilleadh d'athárachóirí atá dlite le linn na tréimhse tuairiscithe i leith conarthaí árachais, ainneoin go bhféadfadh baint a bheith ag na méideanna sin go hiomlán nó i bpáirt le tréimhse tuairiscithe níos deireanaí.
C0220 go C0280/R1500	Préimheanna scríofa — Glan	An sainmhíniú ar phréimheanna scríofa a sholáthraítear le cur i bhfeidhm Threoir 91/674/CEE i gcás inarb infheidhme: léiríonn na glanphréimheanna scríofa suim an ghnó dhírigh agus an ghnó athárachais arna ghlacadh laghdaithe leis an méid a géilleadh do ghnóthais athárachais.
C0220 go C0280/R1510	Préimheanna tuillte – Comhlán	An sainmhíniú ar phréimheanna tuillte a sholáthraítear le Treoir 91/674/CEE i gcás inarb infheidhme: is é atá ann suim na bpréimheanna comhlána scríofa lúide an t-athrú ar an soláthar comhlán le haghaidh préimheanna neamhthuillte a bhaineann le gnó árachais agus athárachais dhírigh comhlán arna ghlacadh.
C0220 go C0280/R1520	Préimheanna tuillte — Sciar athárachóirí	An sainmhíniú ar phréimheanna tuillte a sholáthraítear le Treoir 91/674/CEE i gcás inarb infheidhme: is é sin sciar an athárachóra i bpréimheanna comhlána scríofa lúide an t-athrú ar sciar an athárachóra sa soláthar le haghaidh préimheanna neamhthuillte.

	ÍTIM	TREORACHA
C0220 go C0280/R1600	Préimheanna tuillte – Glan	An sainmhíniú ar phréimheanna tuillte a sholáthraítear le Treoir 91/674/CEE i gcás inarb infheidhme: is é sin suim na bpréimheanna comhlána scríofa lúide an t-athrú ar an soláthar comhlán le haghaidh préimheanna neamhthuillte a bhaineann le suim an ghnó dhírigh agus an ghnó athárachais arna ghlacadh laghdaithe leis an méid a géilleadh do ghnóthais athárachais.
C0220 go C0280/R1610	Éilimh arna dtabhú – Comhlán	Éilimh arna dtabhú sa tréimhse tuairiscithe mar a shainmhínítear i dTreoir 91/674/CEE, i gcás inarb infheidhme: ciallaíonn na héilimh arna dtabhú suim na n-éileamh arna n-íoc agus an t-athrú ar an soláthar le haghaidh éileamh le linn na bliana airgeadais a bhaineann le conarthaí árachais a eascraíonn as an ngnó árachais agus athárachais dhírigh comhlán. Ní áirítear leis sin speansais bhainistíochta éileamh agus an ghluaiseacht i bhforálacha i speansais bhainistíochta éileamh.
C0220 go C0280/R1620	Éilimh arna dtabhú – Sciar athárachóirí	Éilimh arna dtabhú sa tréimhse tuairiscithe mar a shainmhínítear i dTreoir 91/674/CEE, i gcás inarb infheidhme: is é sin sciar na n-athárachóirí de shuim na n-éileamh arna n-íoc agus an t-athrú ar an soláthar le haghaidh éileamh le linn na tréimhse tuairiscithe. Ní áirítear leis sin speansais bhainistíochta éileamh agus an ghluaiseacht i bhforálacha i speansais bhainistíochta éileamh.
C0220 go C0280/R1700	Éilimh arna dtabhú – Glan	Éilimh arna dtabhú sa tréimhse tuairiscithe mar a shainmhínítear i dTreoir 91/674/CEE, i gcás inarb infheidhme: ciallaíonn na héilimh arna dtabhú suim na n-éileamh arna n-íoc agus an t-athrú ar an soláthar d'éilimh le linn na bliana airgeadais a bhaineann le suim an ghnó dhírigh agus an ghnó athárachais arna ghlacadh laghdaithe leis an méid a géilleadh do ghnóthais athárachais. Ní áirítear leis sin speansais bhainistíochta éileamh agus an ghluaiseacht i bhforálacha i speansais bhainistíochta éileamh.
C0220 go C0280/R1900	Costais arna dtabhú	Gach speansas teicniúil arna dtabhú ag an ngrúpa le linn na tréimhse tuairiscithe, ar bhonn fabhraithe.
C0280/R2510	Iarmhéid – costais theicniúla/ioncam teicniúil eile	Glanspeanais/glanioncam teicniúil nach gcumhdaítear leis na costais/ioncam thuasluaite agus laghdaithe leis an méid a géilleadh do ghnóthais athárachais. Ní dhéanfar costais theicniúla/ioncam teicniúil eile a dheighilt de réir línte gnó. Ní áireofar leis athrú ar fhorálacha teicniúla eile agus costais/ioncam neamhtheicniúil amhail cáin, costais úis, caillteanais ar dhiúscairtí, etc. Déanfar méid na nglanchostas teicniúil/an ghlanioncaim theicniúil a thuairisciú go diúltach más mó méid an ioncaim theicniúil ná méid na gcostas teicniúil.
C0280/R2600	Costais theicniúla iomlána	Méid na speansas teicniúil uile a chomhfhreagraíonn do na tíortha a chumhdaítear leis an teimpléad seo.

S.06.02 — Liosta sócmhainní

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach ráithiúil agus bliantúil faisnéise le haghaidh grúpaí.

Is ionann na catagóirí sócmhainní dá dtagraítear sa teimpléad seo agus na cinn a shainmhínítear in Iarscríbhinn IV — Catagóirí Sócmhainní den Rialachán seo agus is tagairt d'Iarscríbhinn VI — tábla CIC den Rialachán seo iad na tagairtí don Chód Aitheantais Comhlántach ("CIC").

Léireofar sa teimpléad seo an liosta de na sócmhainní go léir atá ar áireamh leis an gClár Comhardaithe ar féidir iad a aicmiú mar chatagóirí sócmhainní 0 go 9 d'Iarscríbhinn IV — Catagóirí Sócmhainní den Rialachán seo. Go háirithe, i gcás iasacht urrús agus comhaontuithe athcheannaigh, tuairisceofar sa teimpléad seo na hurrúis fholuiteacha a choimeádtar sa Chlár Comhardaithe.

Sa teimpléad seo, tá liosta sócmhainní mír ar mhír arna sealbhú go díreach ag an ngrúpa (i.e. nach bhfuil bunaithe ar chur chuige na trédhearcachta), ar féidir iad a aicmiú mar chineálacha sócmhainní 0 go 9 (i gcás táirgí aonadnasctha agus innéacsnasctha arna mbainistiú ag an ngnóthas (ath)árachais, is iad na sócmhainní atá le tuairisciú na sócmhainní sin freisin a chumhdaítear le catagóirí sócmhainní 0 go 9 agus iad sin amháin, e.g. ní thuairisceofar méideanna in-aisghabhála agus dliteanais a bhaineann leis na táirgí sin), cé is moite de na heisceachtaí seo a leanas:

a) Déanfar airgead a thuairisciú i ró amháin in aghaidh an airgeadra, le haghaidh gach teaglama míreanna C0060, C0070, C0080 agus C0090;

b) Déanfar taiscí inaistrithe (coibhéisí airgid) agus taiscí eile le haibíocht laistigh de 1 bhliain amháin a thuairisciú i ró amháin in aghaidh gach dhá bhanc agus airgeadra, le haghaidh gach teaglama míreanna C0060, C0070, C0080, C0090 agus C0290;

c) Déanfar morgáistí agus iasachtaí do dhaoine eile, lena n-áirítear iasachtaí ar pholasaithe, a thuairisciú in dhá ró: ró amháin maidir le hiasachtaí do chomhlacht riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta, le haghaidh gach teaglama de mhíreanna C0060, C0070, C0080, C0090 agus C0290; agus ró eile maidir le hiasachtaí do dhaoine nádúrtha eile, le haghaidh gach teaglama de mhíreanna C0060, C0070, C0080, C0090 agus C0290;

d) Déanfar taiscí le hárachóirí géillte a thuairisciú in aon líne aonair amháin, le haghaidh gach teaglama míreanna C0060, C0070, C0080 agus C0090;

e) Déanfar gléasra agus trealamh d'úsáid dhílis an ghnóthais a thuairisciú in aon líne aonair amháin, le haghaidh gach teaglama de mhíreanna C0060, C0070, C0080 agus C0090.

Déanfar gach mír a thuairisciú, ach amháin i gcás ina sonraítear a mhalairt sna treoracha seo.

Níl míreanna C0110, C0120, C0121, C0122, C0130, C0140, C0190, C0200, C0230, C0270, C0280, C0310, C0370, C0380 infheidhme maidir le CIC 09 – Infheistíochtaí eile.

Tá dhá thábla sa teimpléad seo: Faisnéis maidir le suíomhanna a shealbhaítear agus Faisnéis maidir le sócmhainní.

Ar an tábla Faisnéis maidir le suíomhanna arna sealbhú, déanfar tuairisciú ar leithligh maidir le gach sócmhainn agus úsáidtear an oiread línte agus is gá d'fhonn gach athróg neamh-airgeadaíochta a líonadh isteach i gceart cé is moite den mhír "Cainníocht", a iarrtar sa tábla sin. Má tharlaíonn sé i gcás na sócmhainne céanna gur féidir dhá luach a chur i leith athraitheach amháin, ansin caithfear an tsócmhainn sin a thuairisciú i níos mó ná líne amháin.

Ar an tábla Faisnéis maidir le sócmhainní, déanfar tuairisciú ar leithligh maidir le gach sócmhainn, agus beidh ró amháin ann le haghaidh gach sócmhainne, ag líonadh isteach na n-athróg uile is infheidhme arna n-iarraidh sa tábla sin.

Tá an teimpléad infheidhme maidir le modh 1 (an modh bunaithe ar chomhdhlúthú cuntasaíochta), modh 2 (modh asbhainte agus comhiomlánaithe) agus meascán de mhodhanna 1 agus 2.

I gcás ina n-úsáidtear modh 1 go heisiach, léireofar sa tuairisciú suíomh comhdhlúite na sócmhainní glan ar idirbhearta inghrúpa arna sealbhú. Déanfar an tuairisciú mar a leanas:

— Ní thuairisceofar mír "Ainm dlíthiúil an ghnóthais — C0010" ná "Cód aitheantais an ghnóthais — C0020";

— Tuairisceofar mír ar mhír na sócmhainní arna sealbhú ag na gnóthais árachais agus athárachais nó na cuideachtaí sealbhaíochta árachais nó cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha atá rannpháirteach;

— Tuairisceofar mír ar mhír na sócmhainní arna sealbhú ag gnóthais arna gcomhdhlúthú i gcomhréir le hAirteagal 335, mír 1, (a), (b) agus (c) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35;

— Tuairisceofar in aon ró amháin rannpháirtíochtaí i ngnóthais arna gcomhdhlúthú i gcomhréir le hAirteagal 335, mír 1, (d), (e) agus (f) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 agus sainaithneofar an ró leis na roghanna atá ar fáil i gcill C0310.

I gcás ina n-úsáidtear modh 2 go heisiach, áireofar leis an tuairisciú an liosta mionsonraithe sócmhainní arna sealbhú ag na gnóthais rannpháirtíochta, na cuideachtaí sealbhaíochta árachais agus ag fochuideachtaí, agus aon ró amháin le haghaidh gach rannpháirtíochta neamhrialaithe. Ní chuirfear san áireamh leis na sócmhainní a thuairiscítear an sciar comhréireach a úsáidtear chun an ghrúpshócmhainneacht a ríomh. Déanfar an tuairisciú mar a leanas:

— Tuairisceofar mír "Ainm dlíthiúil an ghnóthais — C0010" ná "Cód aitheantais an ghnóthais — C0020";

— Tuairisceofar mír ar mhír na sócmhainní arna sealbhú ag na gnóthais árachais agus athárachais nó na cuideachtaí sealbhaíochta árachais nó cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha atá rannpháirteach;

— Tuairisceofar mír ar mhír de réir an ghnóthais na sócmhainní arna sealbhú ag gnóthais árachais agus athárachais, cuideachtaí sealbhaíochta árachais, gnóthais seirbhísí coimhdeacha agus meán sainchuspóireach ar fochuideachtaí iad (An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, coibhéiseach lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus neamhchoibhéiseach lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch);

— Tuairisceofar in aon ró amháin in aghaidh na rannpháirtíochta rannpháirtíochtaí i ngnóthais árachais agus athárachais, cuideachtaí sealbhaíochta árachais, gnóthais seirbhísí coimhdeacha agus meán sainchuspóireach nach fochuideachtaí iad (an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, coibhéiseach lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus neamhchoibhéiseach lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch);

— Ní chuirfear san áireamh na sócmhainní arna sealbhú ag gnóthais ó na hearnálacha airgeadais eile.

I gcás ina n-úsáidtear meascán de mhodhanna 1 agus 2, léirítear i gcuid amháin den tuairisciú suíomh comhdhlúite na sócmhainní, glan ar idirbhearta inghrúpa, nach mór iad a thuairisciú agus cuirfear ar áireamh leis an gcuid eile den tuairisciú liosta mionsonraithe na sócmhainní arna sealbhú ag na gnóthais rannpháirtíochta, cuideachtaí sealbhaíochta árachais nó cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha agus fochuideachtaí agus aon ró amháin le haghaidh gach rannpháirtíochta neamhrialaithe, glan ar idirbhearta inghrúpa agus gan beann ar an sciar comhréireach a úsáidtear.

Déanfar an chéad chuid den tuairisciú mar a leanas:

— Ní thuairisceofar mír "Ainm dlíthiúil an ghnóthais — C0010" ná "Cód aitheantais an ghnóthais — C0020";

— Tuairisceofar mír ar mhír na sócmhainní arna sealbhú ag gnóthais árachais agus athárachais nó cuideachtaí sealbhaíochta árachais nó cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha atá rannpháirteach;

— Tuairisceofar mír ar mhír na sócmhainní arna sealbhú ag gnóthais arna gcomhdhlúthú i gcomhréir le hAirteagal 335, mír 1, (a), (b) agus (c) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35;

— Tuairisceofar in aon ró amháin rannpháirtíochtaí i ngnóthais arna gcomhdhlúthú i gcomhréir le hAirteagal 335, mír 1, (d), (e) agus (f) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 agus sainaithneofar an ró leis na roghanna atá ar fáil i gcill C0310;

— Tuairisceofar rannpháirtíochtaí i ngnóthais faoi mhodh 2 in aon ró amháin in aghaidh gach fochuideachta agus rannpháirtíochta neamhrialaithe arna sealbhú agus sainaithneofar an ró leis na roghanna atá ar fáil i gcill C0310.

Áireofar leis an dara cuid den tuairisciú an liosta mionsonraithe sócmhainní arna sealbhú ag na gnóthais rannpháirtíochta, na cuideachtaí sealbhaíochta árachais agus ag fochuideachtaí, agus aon ró amháin le haghaidh gach rannpháirtíochta neamhrialaithe, gan beann ar an sciar comhréireach a úsáidtear. Déanfar an tuairisciú mar a leanas:

— Tuairisceofar mír "Ainm dlíthiúil an ghnóthais — C0010" ná "Cód aitheantais an ghnóthais — C0020";

— Tuairisceofar mír ar mhír na sócmhainní arna sealbhú ag gnóthais árachais agus athárachais nó cuideachtaí sealbhaíochta árachais nó cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha atá rannpháirteach faoi mhodh 2;

— Tuairisceofar mír ar mhír de réir an ghnóthais na sócmhainní arna sealbhú ag gnóthais árachais agus athárachais, cuideachtaí sealbhaíochta árachais, gnóthais seirbhísí coimhdeacha agus meán sainchuspóireach ar fochuideachtaí iad faoi mhodh 2 (An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, coibhéiseach lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus neamhchoibhéiseach lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch);

— Tuairisceofar in aon ró amháin in aghaidh na rannpháirtíochta rannpháirtíochtaí i ngnóthais árachais agus athárachais, cuideachtaí sealbhaíochta árachais, gnóthais seirbhísí coimhdeacha agus meán sainchuspóireach nach fochuideachtaí iad (an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, coibhéiseach lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus neamhchoibhéiseach lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch);

— Ní chuirfear san áireamh na sócmhainní arna sealbhú ag na gnóthais ó na hearnálacha airgeadais eile.

D'fhéadfadh an fhaisnéis maidir leis an measúnú creidmheasa seachtrach (C0320) agus Institiúidí ainmnithe um Measúnú Creidmheasa Seachtrach ("IMCS") (C0330) a bheith teoranta (neamhthuairiscithe) sna himthosca seo a leanas:

a) trí chinneadh ón údarás maoirseachta náisiúnta ("NSA") faoi Airteagal 254(2) de Threoir 2009/138/CE; nó

b) trí chinneadh ón údarás maoirseachta náisiúnta sna cásanna ina bhfuil socruithe seachfhoinsithe i bhfeidhm ag na gnóthas árachais agus athárachais sa réimse infheistíochtaí a fhágann nach bhfuil an fhaisnéis shonrach sin ar fáil go díreach ag an ngnóthas.

	ÍTIM	TREORACHA
Faisnéis maidir le suíomhanna a shealbhaítear		
C0010	Ainm dlíthiúil an ghnóthais	Sainaithin ainm dlíthiúil an ghnóthais faoi raon feidhme mhaoirseacht an ghrúpa a shealbhaíonn an tsócmhainn. Ní líonfar isteach an mhír seo ach amháin sa chás ina mbaineann sí le sócmhainní arna sealbhú ag gnóthais rannpháirtíochta, cuideachtaí sealbhaíochta árachais, cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha agus fochuideachtaí faoin modh asbhainte agus comhiomlánaithe.
C0020	Cód aitheantais an ghnóthais	Cód aitheantais de réir an oird tosaíochta seo: — Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI), éigeantach más ann dó; — Cód sonrach i gcás nach ann do chód LEI. Cód sonrach: — Maidir le gnóthais rialáilte sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch seachas gnóthas árachais agus athárachais faoi raon feidhme mhaoirseacht an ghrúpa: cód aitheantais a úsáidtear sa mhargadh áitiúil, sannta ag údarás maoirseachta inniúil an ghnóthais; — Maidir le gnóthais nach bhfuil sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus gnóthais neamhrialáilte faoi raon feidhme an ghrúpa, soláthróidh an grúpa an cód aitheantais. Agus cód aitheantais á leithdháileadh ar gach gnóthas nach bhfuil sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó gach gnóthas neamhrialáilte, ba cheart go gcloífeadh an grúpa leis an bhformáid a leanas ar bhealach comhsheasmhach: cód aitheantais an mháthairghnóthais + cód alfa-2 ISO 3166-1 thír an ghnóthais + 5 dhigit
C0030	An cineál cóid atá ag aitheantas an ghnóthais	Cineál an chóid aitheantais a úsáidtear le haghaidh na míre “Cód aitheantais an ghnóthais”. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — LEI 2 — Cód sonrach
C0040	Cód Aitheantais Sócmhainne	Cód aitheantais Sócmhainne ag úsáid na tosaíochta seo a leanas: — Cód ISO 6166 de chuid ISIN nuair a bhíonn sé ar fáil — Cóid aitheanta eile (e.g.: CUSIP, Bloomberg Ticker, Reuters RIC) — Cód atá sannta ag an ngnóthas, nuair nach mbíonn na roghanna thuasluaite ar fáil. Ní mór don chód sin a bheith uathúil agus a bheith comhsheasmhach le himeacht ama. Nuair is gá an cód aitheantais Sócmhainne céanna a thuairisciú maidir le sócmhainn amháin a eisítear in dhá airgeadra dhifriúla nó níos mó, is gá an cód aitheantais Sócmhainne agus cód aibítre ISO 4217 an airgeadra a shonrú, mar atá sa sampla seo a leanas: “cód+EUR”

	ÍTIM	TREORACHA
C0050	Cineál Cóid Aitheantais Sócmhainne	Cineál Cóid Aitheantais a úsáidtear don mhír “Cód Aitheantais Sócmhainne”. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — ISO 6166 don chód ISIN 2 – CUSIP (uimhir an Choiste um Nósanna Imeachta Uilíocha um Shainaithint Urrús sannta ag Biúró Seirbhíse CUSIP do chuideachtaí ó na Stáit Aontaithe agus ó Cheanada) 3 — SEDOL (Liosta Oifigiúil Laethúil an Stocmhalartáin le haghaidh Stocmhalartán Londain) 4 — WKN (Wertpapier Kenn-Nummer, an uimhir aitheantais alfa-uimhriúil sa Ghearmáin) 5 — Bloomberg Ticker (cód litreacha Bloomberg lena sainaithnítear urrúis cuideachta) 6 — BBGID (Aitheantas Domhanda Bloomberg) 7 — Reuters RIC (Cód ionstraime Reuters) 8 — FIGI (Aitheantóir Domhanda Ionstraime Airgeadais) 9 — Cód eile le comhaltaí Chumann na nGníomhaireachtaí Náisiúnta um Shannadh Uimhreacha 99 — Cód sannta ag an ngnóthas Nuair is gá an Cód Aitheantais Sócmhainne céanna a thuairisciú maidir le sócmhainn amháin a eisítear in 2 airgeadra dhifriúla nó níos mó agus sainmhínítear an cód in C0040 leis an gCód Aitheantais Sócmhainne agus cód aibítre ISO 4217 an airgeadra, tagróidh an Cineál Cóid Aitheantais Sócmhainne do rogha 99 agus do rogha an Chóid Aitheantais Sócmhainne bunaidh, mar atá sa sampla seo a leanas arbh é cód ISIN + airgeadra an cód a tuairiscíodh ina leith: “99/1”.
C0060	Punann	Idirdhealú idir saol, neamhshaol, cistí scairshealbhóirí, cistí inmheánacha eile, cistí ginearálta (gan deighilt) agus cistí imfhálaithe. Sannfar sócmhainní foluiteacha d’fhorálacha teicniúla saoil don phunann saoil agus sannfar sócmhainní foluiteacha d’fhorálacha teicniúla neamhshaoil don phunann neamhshaoil (tríd an deighilt is beaichte atá ar fáil a chur i bhfeidhm). Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Saol 2 — Neamhshaol 3 — Cistí imfhálaithe 4 — Cistí inmheánacha eile 5 — Cistí scairshealbhóirí 6 — Ginearálta Níl an deighilt éigeantach, mura gceanglaíonn an t-údarás maoirseachta náisiúnta a mhalairt, ach amháin chun cistí imfhálaithe a shainaithint, ach tuairisceofar í má úsáideann an gnóthas í go hinmheánach. Úsáidfear “ginearálta” i gcás nach gcuireann gnóthas deighilt i bhfeidhm.

	ÍTIM	TREORACHA
C0070	Uimhir chiste	Infheidhme maidir le sócmhainní arna sealbhú i gcistí imfhálaithe nó i gcistí inmheánacha eile a shainítear ar an leibhéal náisiúnta, go háirithe maidir le cistí (punanna sócmhainní) lena dtacaítear le táirgí árachais saoil. Uimhir nó cód arna sannadh nó arna shannadh ag an ngnóthas, a chomhfhreagraíonn don uimhir nó don chód uathúil a shanntar do gach chiste. Ní mór don uimhir nó don chód sin a bheith comhsheasmhach le himeacht ama agus úsáidfear é nó í chun na cistí céanna a shainaithint i dteimpléid eile (e.g. in S.08.01). Ní athúsáidfear le haghaidh ciste eile é nó í. Níl an uimhir chiste éigeantach, mura gceanglaíonn an t-údarás maoirseachta náisiúnta a mhalairt.
C0080	Uimhir punainne meaitseála	Uimhir nó cód arna sannadh nó arna shannadh ag an ngnóthas, a chomhfhreagraíonn don uimhir nó don chód uathúil a shanntar do gach punann coigeartaithe meaitseála mar a leagtar síos in Airteagal 77b(1)(a) de Threoir 2009/138/CE. Ní mór go mbeadh an uimhir nó an cód seo comhsheasmhach le himeacht ama agus úsáidfear é nó í chun an phunann coigeartaithe meaitseála a shainaithint i dteimpléid eile. Ní athúsáidfear é nó í le haghaidh punann coigeartaithe meaitseála eile.
C0090	Sócmhainn arna sealbhú i gconarthaí aonadnasctha agus innéacsnasctha	Sainaithin na sócmhainní arna sealbhú i gconarthaí aonadnasctha agus innéacsnasctha. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Aonadnasctha nó innéacsnasctha 2 — Gan a bheith aonadnasctha ná innéacsnasctha
C0100	Sócmhainn arna cur i ngeall mar chomhthaobhacht	Sainaithin sócmhainní a choimeádtar i gclár comhardaithe an ghnóthais arna gcur i ngeall mar chomhthaobhacht. Maidir le sócmhainní arna gcur i ngeall go páirteach, tuairisceofar dhá ró le haghaidh gach sócmhainne: ró amháin le haghaidh an mhéid arna chur i ngeall agus ró eile le haghaidh an chuid atá fágtha. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas le haghaidh na sócmhainne: 1 — Sócmhainní sa chlár comhardaithe arna gcur i ngeall mar chomhthaobhacht 2 — Comhthaobhacht le haghaidh athárachas arna ghlacadh 3 — Comhthaobhacht le haghaidh urrúis arna bhfáil ar iasacht 4 — Idirbhearta athcheannaigh 9 — Ní comhthaobhacht atá ann
C0110	Tír chumhdaigh	Cód ISO 3166-1 alfa-2 na tíre ina bhfuil sócmhainní an ghnóthais á gcumhdach. Maidir leis na hinstitiúidí taisclainne idirnáisiúnta a shainaithint, mar shampla Euroclear, is í an tír chumhdaigh an tír inar sainíodh an tseirbhís chumhdaigh ar bhonn conartha.

	ÍTIM	TREORACHA
		I gcás ina gcumhdaítear an tsócmhainn chéanna i níos mó ná tír amháin, déanfar tuairisciú ar leithligh ar gach sócmhainn agus úsáidfear an oiread rónna agus is gá ionas go mbeifear in ann gach tír chumhdaigh a shainaithint i gceart. Níl an mhír seo infheidhme maidir le catagóir CIC 8 — Morgáistí agus Iasachtaí, CIC 71, CIC 75 ná maidir le CIC 95 – Gléasra agus trealamh. Maidir le Catagóir CIC 9, cé is moite de CIC 95 — Gléasra agus trealamh (dá úsáid féin), comhfhreagraíonn an tír chumhdaigh don tír eisitheora, a mheasúnaítear de réir sheoladh na maoine.
C0120	Institiúid taisclainne	Ainm na hinstitiúide airgeadais arb í an institiúid taisclainne í. I gcás ina gcumhdaítear an tsócmhainn chéanna i níos mó ná institiúid taisclainne amháin, déanfar tuairisciú ar leithligh ar gach sócmhainn agus úsáidfear an oiread rónna agus is gá ionas go mbeifear in ann gach institiúid taisclainne a shainaithint i gceart. Maidir le sócmhainní a stóráiltear go hinmheánach, tuairisceofar an gnóthas árachais mar an institiúid taisclainne. Comhfhreagraíonn an mhír seo d'ainm an eintitis sa bhunachar sonraí LEI, nuair a bhíonn sí ar fáil. Nuair nach mbíonn fáil uirthi, comhfhreagraíonn sí don ainm dlíthiúil. Níl an mhír seo infheidhme maidir le catagóir CIC 8 — Morgáistí agus Iasachtaí, CIC 71, CIC 75, CIC 09 ná maidir le CIC 9 – Maoin agus maidir le haon sócmhainn eile nach gcumhdaítear í i ngeall ar a gcineál. Maidir le sócmhainní nach mbaineann institiúid taisclainne leo nó i gcás nach infheidhme an mhír seo, tuairiscigh "Gan institiúid taisclainne".
C0121	Cód institiúide taisclainne	An cód institiúide taisclainne a shainaithint le LEI má tá sé ar fáil. Ní dhéanfar tuairisciú ar an mír seo mura bhfuil LEI ar fáil.
C0122	Cineál cóid institiúide taisclainne	An cineál cóid a úsáidtear don mhír "Cód institiúide taisclainne" a shainaithint. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — LEI 9 — Dada
C0130	Cainníocht	An líon sócmhainní, maidir le sócmhainní ábhartha. Ní dhéanfar tuairisciú ar an mír sin má thuairiscítear mír Mhéid ar par (C0140). Níl an mhír seo infheidhme maidir le CIC 71 agus 09 agus catagóir CIC 9 – Maoin.
C0140	Méid ar par	An tsuim gan íoc arna tomhas ag an méid ar par, i gcás na sócmhainní uile ina bhfuil an mhír sin ábhartha, agus ag a méid ainmniúil i gcás CIC = 72, 73, 74, 75, 79 agus Catagóir CIC 8 – Morgáistí agus Iasachtaí. Níl an mhír seo infheidhme maidir le CIC 71, 09 agus catagóir CIC 9 — Maoin. Ní dhéanfar tuairisciú ar an mír sin má thuairiscítear an mhír Cainníocht (C0130).

	ÍTIM	TREORACHA
C0145	Infheistíocht chothromais fhadtéarmach	Ní infheidhme ach amháin maidir le catagóirí CIC 3 – Cothromas agus 4 – Gnóthais Chomhinfheistíochta. Sainaithin cibé acu a aicmítear nó nach n-aicmítear cothromas nó gnóthas comhinfheistíochta faoi fhorálacha Airteagal 171a. de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – Úsáidtear 2 – Ní úsáidfear 9 – Neamhbhainteach
C0150	Modh luachála	Sainaithin an modh luachála agus sócmhainní á luacháil. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — margadhphraghas luaite i margaí gníomhacha le haghaidh na sócmhainní céanna 2 — margadhphraghas luaite i margaí gníomhacha le haghaidh sócmhainní comhchosúla 3 — modhanna luachála comhroghnacha 4 — modhanna coigeartaithe an chothromais (infheidhme maidir le luacháil rannpháirtíochtaí) 5 — modhanna cothromais IFRS (infheidhme maidir le luacháil rannpháirtíochtaí) 6 — Luacháil margaidh de réir Airteagal 9(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35
C0160	Luach éadála	Luach iomlán éadála maidir leis na sócmhainní atá á gcumhdach, glanluach gan ús fabhraithe. Níl an mhír seo infheidhme maidir le catagóir CIC 7 – Airgead tirim agus taiscí agus 8 – Morgáistí agus Iasachtaí.
C0170	Méid iomlán Shócmhainneacht II	Luach a ríomhtar mar a shainítear le hAirteagal 75 de Threoir 2009/138/CE, a chomhfhreagraíonn do na nithe seo a leanas: — "Méid ar par" (an phríomhshuim gan íoc arna tomhas de réir mhéid ar par nó méid ainmniúil) a iolrú faoi "Céatadán aonaid de phraghas mhéid ar par Shócmhainneacht II" móide "Ús fabhraithe", i gcás sócmhainní inarb ábhartha an chéad dá mhír; — "Cainníocht" a iolrú faoi "Praghas aonaid Shócmhainneacht II", i gcás sócmhainní inarb ábhartha an dá mhír sin (móide "Ús fabhraithe" más infheidhme); — Luach Shócmhainneacht II na sócmhainne i gcás sócmhainní ar féidir iad a aicmiú faoi CIC 71 agus catagóir CIC 9 – Maoin.
C0180	Ús fabhraithe	Cainníochtaigh an méid úis fhabhraithe tar éis an dáta deiridh cúpóin d'urrúis úsmhara. Tugtar faoi deara go bhfuil an luach seo ina chuid den mhír "Méid iomlán Shócmhainneacht II" freisin.

	ÍTIM	TREORACHA
Faisnéis maidir le sócmhainní		
C0040	Cód Aitheantais Sócmhainne	Cód aitheantais Sócmhainne ag úsáid na tosaíochta seo a leanas: — Cód ISO 6166 de chuid ISIN nuair a bhíonn sé ar fáil — Cóid aitheanta eile (e.g.: CUSIP, Bloomberg Ticker, Reuters RIC) — Cód atá sannta ag an ngnóthas, nuair nach mbíonn na roghanna thuasluaite ar fáil. Ní mór don chód sin a bheith uathúil agus a bheith comhsheasmhach le himeacht ama. Nuair is gá an cód aitheantais Sócmhainne céanna a thuairisciú maidir le sócmhainn amháin a eisítear in dhá airgeadra dhifriúla nó níos mó, is gá an cód aitheantais Sócmhainne agus cód aibítre ISO 4217 an airgeadra a shonrú, mar atá sa sampla seo a leanas: "cód+EUR"
C0050	Cineál Cóid Aitheantais Sócmhainne	Cineál Cóid Aitheantais a úsáidtear don mhír "Cód Aitheantais Sócmhainne". Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — ISO 6166 don chód ISIN 2 – CUSIP (uimhir an Choiste um Nósanna Imeachta Uilíocha um Shainaithint Urrús sannta ag Biúró Seirbhíse CUSIP do chuideachtaí ó na Stáit Aontaithe agus ó Cheanada) 3 — SEDOL (Liosta Oifigiúil Laethúil an Stocmhalartáin le haghaidh Stocmhalartán Londain) 4 — WKN (Wertpapier Kenn-Nummer, an uimhir aitheantais alfa-uimhriúil sa Ghearmáin) 5 — Bloomberg Ticker (cód litreacha Bloomberg lena sainaithnítear urrúis cuideachta) 6 — BBGID (Aitheantas Domhanda Bloomberg) 7 — Reuters RIC (Cód ionstraime Reuters) 8 — FIGI (Aitheantóir Domhanda Ionstraime Airgeadais) 9 — Cód eile le comhaltaí Chumann na nGníomhaireachtaí Náisiúnta um Shannadh Uimhreacha 99 — Cód sannta ag an ngnóthas Nuair is gá an Cód Aitheantais Sócmhainne céanna a thuairisciú maidir le sócmhainn amháin a eisítear in 2 airgeadra dhifriúla nó níos mó agus sainmhínítear an cód in C0040 leis an gCód Aitheantais Sócmhainne agus cód aibítre ISO 4217 an airgeadra, tagróidh an Cineál Cóid Aitheantais Sócmhainne do rogha 99 agus do rogha an Chóid Aitheantais Sócmhainne bunaidh, mar atá sa sampla seo a leanas arbh é cód ISIN + airgeadra an cód a tuairiscíodh ina leith: "99/1".
C0190	Teideal na Míre	Sainaithin an mhír arna tuairisciú ach ainm na sócmhainne (nó an seoladh i gcás maoine), mar aon leis an mionsonra arna réiteach ag an ngnóthas. Breithneofar na nithe seo a leanas: — Maidir le CIC 87 agus CIC 88, beidh sa mhír seo "Iasachtaí le comhaltaí AMSB" i.e. iasachtaí le comhaltaí an Chomhlachta Riaracháin, Bainistithe agus Maoirseachta ("AMSB") nó "Iasachtaí le daoine nádúrtha eile", de réir a gcineáil, mar ní gá na sócmhainní sin a indibhidiúlú. Iasachtaí le daoine seachas daoine nádúrtha, tuairisceofar iad líne ar líne.

	ÍTIM	TREORACHA
		— Níl an mhír seo infheidhme maidir le CIC 95 — Gléasra agus trealamh (dá úsáid féin) mar ní gá na sócmhainní sin a indibhidiúlú, CIC 71 agus CIC 75 (mura gceanglaíonn an t-údarás maoirseachta náisiúnta é sin). — Maidir le maoin, tuairisceofar cód tíre ISO alfa-2 + cód poist + cathair + ainm sráide + uimhir shráide) na maoine arna sealbhú nó an domhanleithead agus an domhanfhad nó réigiún CRESTA/NUTS na hinfheistíochta maoine: teorainneacha riaracháin (e.g. teorainneacha cúige nó contae, e.g. leibhéal NUTS3) nó limistéir cóid poist chumaiscthe (e.g. an chéad dá dhigit de limistéir cóid poist, mar shampla criosanna réitigh ísil CRESTA 2019[2]).
C0200	Ainm an Eisitheora	Ainm an eisitheora, sainithe mar an t-eintiteas a eisíonn sócmhainní d'infheisteoirí. Comhfhreagraíonn an mhír seo d'ainm an eintitis sa bhunachar sonraí LEI, nuair a bhíonn sí ar fáil. Nuair nach mbíonn fáil uirthi, comhfhreagraíonn sí don ainm dlíthiúil. Breithneofar na nithe seo a leanas: — Maidir le catagóir CIC 4 — Gnóthais Chomhinfheistíochta, is ionann ainm an eisitheora agus ainm an bhainisteora cistí (eintitis). An chuideachta bainistíochta ar féidir léi a bheith freagrach agus atá freagrach as an gciste a bhainistiú, is í sin an ceann atá le tuairisciú gan beann ar cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh roinnt gníomhaíochtaí a sheachfhoinsiú, lena n-áirítear bainistíocht iarbhír na punainne, i. e. an cinneadh maidir le ceannach/díol; — Maidir le catagóir CIC 7 — Airgead tirim agus taiscí (cé is moite de CIC 71 agus CIC 75), is ionann ainm an eisitheora agus ainm an eintitis taiscí; — Maidir le CIC 87 agus CIC 88, beidh sa mhír seo "Iasachtaí le comhaltaí AMSB" nó "Iasachtaí le daoine nádúrtha eile", de réir a gcineáil, mar ní gá na sócmhainní sin a indibhidiúlú; — Maidir le catagóir CIC 8 — Morgáistí agus Iasachtaí, seachas CIC 87 agus CIC 88 bainfidh an fhaisnéis leis an iasachtaí; Níl an mhír seo infheidhme maidir le CIC 71, CIC 75 agus catagóir CIC 9 — Maoin.
C0210	Cód an Eisitheora	Sainaithint an eisitheora leis an Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI), má tá sé ar fáil. Ní dhéanfar tuairisciú ar an mír seo mura bhfuil LEI ar fáil. Breithneofar na nithe seo a leanas: — Maidir le catagóir CIC 4 — Gnóthais Chomhinfheistíochta, is ionann cód an eisitheora agus cód an bhainisteora cistí (eintitis). An chuideachta bainistíochta ar féidir léi a bheith freagrach agus atá freagrach as an gciste a bhainistiú, is í sin an ceann atá le tuairisciú gan beann ar cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh roinnt gníomhaíochtaí a sheachfhoinsiú, lena n-áirítear bainistíocht iarbhír na punainne, i. e. an cinneadh maidir le ceannach/díol; — Maidir le catagóir CIC 7 — Airgead tirim agus taiscí (cé is moite de CIC 71 agus CIC 75), is ionann cód an eisitheora agus cód an eintitis taiscí

	ÍTIM	TREORACHA
		— Maidir le catagóir CIC 8 — Morgáistí agus Iasachtaí, seachas CIC 87 agus CIC 88 bainfidh an fhaisnéis leis an iasachtaí; — Níl an mhír seo infheidhme maidir le CIC 71, CIC 75 agus catagóir CIC 9 — Maoin; Níl an mhír seo infheidhme maidir le CIC 87 agus CIC 88.
C0220	Cineál cóid eisitheora	An cineál cóid a úsáidtear don mhír "Cód Eisitheora" a shainaithint. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — LEI 9 — Dada Níl an mhír seo infheidhme maidir le CIC 87 agus CIC 88. Níl an mhír seo infheidhme maidir le CIC 71, CIC 75 agus catagóir CIC 9 — Maoin.
C0230	Earnáil an Eisitheora	Sainaithin earnáil eacnamaíoch an eisitheora bunaithe ar an leagan is déanaí den Aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha san Aontas Eorpach ("NACE") (mar a fhoilsítear i Rialachán CE). Maidir le ranna NACE A go N, is gá ceithre dhigit iomlána chód NACE a thuairisciú, i.e. an litir lena sainaithnítear an Roinn agus an cód 4 dhigit don aicme ina diaidh (e.g. "K6411"). Maidir lena na ranna eile, úsáidfear an tagairt litreach den chód NACE lena sainaithnítear an Roinn mar íosmhéid chun earnálacha a shainaithint (e.g. bheadh "P" nó "P8501" inghlactha). Breithneofar na nithe seo a leanas: — Maidir le catagóir CIC 4 — Gnóthais Chomhinfheistíochta, is ionann earnáil an eisitheora agus earnáil an bhainisteora cistí; — Maidir le catagóir CIC 7 — Airgead tirim agus taiscí (cé is moite de CIC 71 agus CIC 75), is ionann earnáil an eisitheora agus earnáil an eintitis taiscí — Maidir le catagóir CIC 8 — Morgáistí agus Iasachtaí, seachas CIC 87 agus CIC 88 bainfidh an fhaisnéis leis an iasachtaí; — Níl an mhír seo infheidhme maidir le CIC 71, CIC 75, CIC 09 agus catagóir CIC 9 — Maoin; — Níl an mhír seo infheidhme maidir le CIC 87 agus CIC 88.
C0240	Grúpa Eisitheoirí	Ainm mháthaireintiteas deiridh an eisitheora. Maidir le gnóthais chomhinfheistíochta, tuairisceofar máthaireintiteas deiridh an bhainisteora cistí (eintitis). Comhfhreagraíonn an mhír seo d'ainm an eintitis sa bhunachar sonraí LEI, nuair a bhíonn sí ar fáil. Nuair nach mbíonn fáil uirthi, comhfhreagraíonn sí don ainm dlíthiúil. Breithneofar na nithe seo a leanas: — Maidir le catagóir CIC 4 — Gnóthais Chomhinfheistíochta, tuairisceofar máthaireintiteas deiridh an bhainisteora cistí (eintitis);

	ÍTIM	TREORACHA
		— Maidir le catagóir CIC 7 — Airgead tirim agus taiscí (cé is moite de CIC 71 agus CIC 75), baineann an caidreamh grúpa leis an eintiteas taiscí — Maidir le catagóir CIC 8 — Morgáistí agus Iasachtaí, seachas CIC 87 agus CIC 88 baineann an caidreamh grúpa leis an iasachtaí; — Níl an mhír seo infheidhme maidir le CIC 87 agus CIC 88; — Níl an mhír seo infheidhme maidir le CIC 71, CIC 75, CIC 09 agus catagóir CIC 9 — Maoin; — Níl an mhír seo infheidhme maidir le bannaí arna n-eisiúint acu seo a leanas: — rialtas láir, — rialtas áitiúil, — gníomhaireacht rialtais, — banc ceannais, — an grúpa/an t-eintiteas féin, — eagraíocht fhornáisiúnta (fad nach ann d'aon ghrúpa eisitheoirí).
C0250	Cód an Ghrúpa Eisitheoirí	An grúpa eisitheoirí a shainaithint le LEI má tá sé ar fáil. Ní dhéanfar tuairisciú ar an mír seo mura bhfuil LEI ar fáil. Breithneofar na nithe seo a leanas: — Maidir le catagóir CIC 4 — Gnóthais Chomhinfheistíochta, tuairisceofar máthaireintiteas deiridh an bhainisteora cistí (eintitis); — Maidir le catagóir CIC 7 — Airgead tirim agus taiscí (cé is moite de CIC 71 agus CIC 75), baineann an caidreamh grúpa leis an eintiteas taiscí — Maidir le catagóir CIC 8 — Morgáistí agus Iasachtaí, seachas CIC 87 agus CIC 88 baineann an caidreamh grúpa leis an iasachtaí; — Níl an mhír seo infheidhme maidir le CIC 87 agus CIC 88; — Níl an mhír seo infheidhme maidir le CIC 71, CIC 75, CIC 09 agus catagóir CIC 9 — Maoin; — Níl an mhír seo infheidhme maidir le bannaí arna n-eisiúint acu seo a leanas: — rialtas láir, — rialtas áitiúil, — gníomhaireacht rialtais, — banc ceannais, — an grúpa/an t-eintiteas féin, — eagraíocht fhornáisiúnta (fad nach ann d'aon ghrúpa eisitheoirí).

	ÍTIM	TREORACHA
C0260	Cineál chód an ghrúpa eisitheoirí	An cód a úsáidtear don mhír "Cód an Ghrúpa Eisitheoirí" a shainaithint. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — LEI 9 — Dada
C0270	Tír is Eisitheoir	Cód ISO 3166-1 alfa-2 thír logánaithe an eisitheora. Déantar measúnú ar logánú an eisitheora de réir sheoladh an eintitis a eisíonn an tsócmhainn. Breithneofar na nithe seo a leanas: — Maidir le catagóir CIC 4 — Gnóthais Chomhinfheistíochta, is ionann tír an eisitheora agus tír an bhainisteora cistí (eintitis); — Maidir le catagóir CIC 7 — Airgead tirim agus taiscí (cé is moite de CIC 71 agus CIC 75), is ionann tír an eisitheora agus tír an eintitis taiscí — Maidir le CIC 8 — Morgáistí agus Iasachtaí, seachas CIC 87 agus CIC 88 bainfidh an fhaisnéis leis an iasachtaí; — Níl an mhír seo infheidhme maidir le CIC 87 agus CIC 88; — Níl an mhír seo infheidhme maidir le CIC 71, CIC 75, CIC 09 agus catagóir CIC 9 — Maoin. Úsáidfear ceann de na roghanna: — Cód ISO 3166-1 alpha-2; — XA: Eisitheoirí fornáisiúnta (institiúidí poiblí a bhunaítear trí ghealltanas idir stáit náisiúnta, e.g. urrúis arna n-eisiúint ag banc forbartha iltaobhach dá dtagraítear i mír 2 d'Airteagal 117 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nó urrúis arna n-eisiúint ag eagraíocht idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 118 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, gan "Institiúidí an Aontais Eorpaigh" a bheith san áireamh); — An tAontas: Institiúidí an Aontais Eorpaigh (mar a shainmhínítear in Airteagal 13 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.
C0280	Airgeadra	Sainaithin cód aibítre ISO 4217 airgeadra na heisiúna. Breithneofar na nithe seo a leanas: — Níl an mhír seo infheidhme maidir le CIC 87 agus CIC 88, mar ní ga na sócmhainní sin a indibhidiúlú), CIC 75, CIC 09 agus maidir le CIC 95 — Gléasra agus trealamh (dá úsáid féin) ar an gcúis chéanna; — Maidir le Catagóir CIC 9 — Maoin, cé is moite de CIC 95 — Gléasra agus trealamh (dá úsáid féin), comhfhreagraíonn an t-airgeadra don airgeadra ina ndearnadh an infheistíocht.

	ÍTIM	TREORACHA
C0290	CIC	Cód Aitheantais Comhlántach a úsáidtear chun sócmhainní a aicmiú, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn VI — Tábla CIC den Rialachán seo. Agus sócmhainn á haicmiú leis an tábla CIC, cuirfidh gnóthais san áireamh an riosca is ionadaíche dá nochtar an tsócmhainn. Maidir leis an gcód CIC a úsáidtear le haghaidh an urrúis chéanna ó ghnóthais dhifriúla, seiceálfaidh agus áiritheoidh an máthairghnóthas gurb ionann é sin agus an cód sa tuairisciú grúpa.
C0293	Rialacha tarrthála inmheánaí	Sainaithin cibé acu atá nó nach bhfuil an tsócmhainn faoi réir rialacha tarrthála inmheánaí, i gcomhréir le hAirteagail 43 agus 44 de Threoir 2014/59/AE (an Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc – BRRD). Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – Úsáidfear; 2 – Ní úsáidfear; 9 – Neamhbhainteach.
C0294	Rialtais Réigiúnacha agus Údaráis Áitiúla (RGLA)	Sainaithin sócmhainní arna n-eisiúint nó arna ráthú ag Rialtais Áitiúla agus Údaráis Áitiúla (RGLA) a liostaítear agus nach liostaítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2011, maidir le sócmhainní ar féidir iad a aicmiú le CIC 13 agus 14. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – Liostaítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2011; 2 – Ní liostaítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2011; 9 – Neamhbhainteach.
C0295	Cripteashócmhainní	Sainaithin sócmhainní a bhaineann le cripteashócmhainní. Ciallaíonn "cripteashócmhainn" léiriú digiteach ar luach nó ar chearta a fhéadtar a aistriú agus a stóráil go leictreonach, ag úsáid theicneolaíocht mórleabhar dáilte nó teicneolaíochta den chineál céanna. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – Ciallaíonn "licín airgid leictreonaigh" cineál cripteashócmhainne arb é is príomhaidhm dó é a úsáid mar mhodh malartaithe agus a airbheartaíonn go gcoinneoidh sé luach cobhsaí trí thagairt a dhéanamh do luach airgeadra *fiat* ar dlíthairiscint é; 2 – Ciallaíonn "licíní sócmhainn-tagartha" cineál cripteashócmhainne a airbheartaíonn go gcoinneoidh sé luach cobhsaí trí thagairt do luach roinnt airgeadraí *fiat* ar dlíthairiscintí iad, nó do thráchtearra amháin nó roinnt tráchtearraí nó cripteashócmhainn amháin nó roinnt cripteashócmhainní, nó teaglaim de shócmhainní den sórt sin; 3 – Ciallaíonn "licín fóntais" cineál cripteashócmhainne atá beartaithe chun rochtain dhigiteach a sholáthar ar earra nó seirbhís, atá ar fáil ar DLT, agus nach nglacann ach eisitheoir an licín sin leis; 4 – Cripteashócmhainní eile; 5 – Ní úsáidfear.

	ÍTIM	TREORACHA
C0296	Cineál na maoine	Sainaithin an cineál maoine, de réir Mholadh BERS an 21 Márta 2019 lena leasaítear Moladh BERS/2016/14 maidir le bearnaí sonraí réadmhaoine a dhúnadh. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – Cónaitheach, e.g. áitribh ilteaghlach; 2 – Miondíol, e.g. óstáin, bialanna, siopalanna; 3 – Oifigí, e.g. maoin a úsáidtear mar oifigí gairmiúla nó gnó go príomha; 4 – Tionsclaíoch, e.g. maoin a úsáidtear chun críoch táirgeachta, dáilte agus lóistíochta; 5 – Cineálacha eile maoine tráchtála; 9 – Neamhbhainteach. Má tá úsáid mheasctha ag maoin, breithneofar mar mhaoine éagsúla í (bunaithe, mar shampla, ar na hachair dhromchla a thiomnaítear do gach úsáid) nuair is féidir miondealú den sórt sin a dhéanamh; i gcásanna eile, is féidir an mhaoin a aicmiú de réir a húsáide ceannasaí. Níl an mhír seo infheidhme ach amháin maidir le catagóir CIC 9 – Maoin
C0297	Suíomh na maoine	Sainaithin suíomh na maoine, de réir Mholadh BERS an 21 Márta 2019 lena leasaítear Moladh BERS/2016/14 maidir le bearnaí sonraí réadmhaoine a dhúnadh. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – Scothshuíomh; 2 – Suíomh nach scothshuíomh é; 9 – Neamhbhainteach. Níl an mhír seo infheidhme ach amháin maidir le catagóir CIC 9 – Maoin
C0300	Infheistíocht sa bhonneagar	Sainaithin cibé acu atá nó nach bhfuil an tsócmhainn ina hinfheistíocht sa bhonneagar mar a shainmhínítear in Airteagal 1a (55a) agus (55b) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Ní infheistíocht sa bhonneagar atá ann 2 — Bonneagar neamhcháilitheach: Ráthaíocht Rialtais (Rialtas, Bainc ceannais, Rialtas réigiúnach nó údarás áitiúil) 3 — Bonneagar neamhcháilitheach: Arna thacú ag an Rialtas lena n-áirítear tionscnamh airgeadais phoiblí (Rialtas, Bainc ceannais, Rialtas réigiúnach nó údarás áitiúil) 4 — Bonneagar neamhcháilitheach: Ráthaíocht Fhornáisiúnta/Thacaithe (BCE, Banc forbartha iltaobhach, Eagraíocht idirnáisiúnta)

	ÍTIM	TREORACHA
		9 — Bonneagar neamhcháilitheach: Iasachtaí nó infheistíochtaí neamhcháilitheacha eile, nach n-aicmítear faoi na catagóirí thuas 12 — Bonneagar cáilitheach: Ráthaíocht Rialtais (Rialtas, Bainc ceannais, Rialtas réigiúnach nó údarás áitiúil) 13 — Bonneagar cáilitheach: Arna thacú ag an Rialtas lena n-áirítear tionscnamh airgeadais phoiblí (Rialtas, Bainc ceannais, Rialtas réigiúnach nó údarás áitiúil) 14 — Bonneagar cáilitheach: Ráthaíocht Fhornáisiúnta/Thacaithe (BCE, Banc forbartha iltaobhach, Eagraíocht idirnáisiúnta) 19 — Bonneagar cáilitheach: Infheistíochtaí cáilitheacha eile sa bhonneagar, nach n-aicmítear sna catagóirí thuas. 20 — Ciste Infheistíochta Fadtéarmaí Eorpach (EFTIF a infheistíonn i sócmhainní bonneagair agus ELTIF a infheistíonn i sócmhainní eile nach sócmhainní bonneagair iad)
C0310	Sealúchais i ngnóthais ghaolmhara, lena n-áirítear rannpháirtíochtaí	Ní infheidhme ach amháin maidir le catagóirí CIC 3 – Cothromas agus 4 – Gnóthais Chomhinfheistíochta. Sainaithin cibé atá nó nach bhfuil cothromas agus scair eile ina rannpháirtíocht. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – Ní rannpháirtíocht atá ann 2 — Rannpháirtíocht neamhrialaithe i ngnóthas gaolmhar árachais agus athárachais faoi mhodh 1 3 — Rannpháirtíocht neamhrialaithe i ngnóthas gaolmhar árachais agus athárachais faoi mhodh 2 4 — Rannpháirtíocht in earnáil airgeadais eile 5 — Fochuideachta faoi mhodh 2 6 — Rannpháirtíocht i ngnóthas gaolmhar straitéiseach eile faoi mhodh 1 7 — Rannpháirtíocht i ngnóthas gaolmhar neamhstraitéiseach eile faoi mhodh 1 8 — Rannpháirtíochtaí eile (e.g. rannpháirtíocht i ngnóthais eile faoi mhodh 2)
C0320	Measúnú creidmheasa seachtrach	Infheidhme maidir le catagóirí CIC 1 – Bannaí rialtais, 2 – Bannaí corparáide, 5 – Nótaí struchtúrtha, 6 – Urrúis chomhthaobhaithe, CIC 87 agus CIC 88, ar a laghad, i gcás ina mbeidh fáil orthu sin. Is í seo rátáil eisiúna na sócmhainne ar an dáta tagartha maidir le tuairisciú a sholáthraíonn an institiúid ainmnithe um measúnú creidmheasa seachtrach (IMCS). Fágfar an mhír folamh mura bhfuil rátáil eisiúna ar fáil. I gcás ina dtuairisceofar “IMCS iolrach” in C0330, tuairiscigh an rátáil sheachtrach is ionadaíche.

	ÍTIM	TREORACHA
C0330	Institiúid ainmnithe um measúnú creidmheasa seachtrach	Sainaithin an institiúid um measúnú creidmheasa seachtrach (IMCS) a thugann an rátáil sheachtrach in C0320, ach ainm an IMCS mar atá sé foilsithe ar shuíomh gréasáin ESMA a úsáid. I gcás rátálacha arna n-eisiúint ag fochuideachtaí de IMCS, tuairiscigh máthairchuideachta IMCS (déantar an tagairt do liosta ESMA de ghníomhaireachtaí rátála creidmheasa atá cláraithe nó deimhnithe i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 maidir le gníomhaireachtaí rátála creidmheasa). Infheidhme maidir le catagóirí CIC 1 – Bannaí rialtais, 2 – Bannaí corparáide, 5 – Nótaí struchtúrtha, 6 – Urrúis chomhthaobhaithe agus 8 – Morgáistí agus Iasachtaí (seachas CIC 87 agus CIC 88) ar a laghad, i gcás ina mbeidh fáil orthu sin. Tuairisceofar an mhír seo i gcás ina dtuairisceofar Rátáil sheachtrach (C0320). I gcás "Níor ainmníodh aon IMCS agus úsáidtear simpliú chun SCR a ríomh", fágfar an Rátáil sheachtrach (C0320) folamh agus úsáidfear ceann amháin de na roghanna seo a leanas faoi "Céim cáilíochta creidmheasa" (C0340): 2a; 3a nó 3b.
C0340	Céim na cáilíochta creidmheasa	Infheidhme maidir le haon sócmhainn ar gá Céim cáilíochta creidmheasa a shannadh ina leith chun SCR a ríomh. Sainaithin an chéim cáilíochta creidmheasa atá sannta don tsócmhainn, mar a shainmhínítear le hAirteagal 109a(1) de Threoir 2009/138/CE, ach an tábla mapála a leagtar síos le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1800 a chur chun feidhme. Go háirithe, léireofar sa chéim cáilíochta creidmheasa aon athchoigeartú ar an gcáilíocht chreidmheasa arna dhéanamh go hinmheánach ag na gnóthais ina n-úsáidtear an fhoirmle chaighdeánach. Níl an mhír seo infheidhme maidir le sócmhainní a mbíonn rátálacha inmheánacha in úsáid ina leith ag gnóthais a úsáideann samhail inmheánach. Gnóthais a úsáideann an tsamhail inmheánach, mura n-úsáideann na gnóthais sin rátáil inmheánach, tuairisceofar an mhír sin. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 0 – Céim cáilíochta creidmheasa 0 1 – Céim cáilíochta creidmheasa 1 2 – Céim cáilíochta creidmheasa 2 2a – Céim cáilíochta creidmheasa 2 i ngeall ar chur i bhfeidhm Airteagal 176a de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2015/35 maidir le bannaí agus iasachtaí gan rátáil 3 – Céim cáilíochta creidmheasa 3 3a – Céim cáilíochta creidmheasa 3 i ngeall ar chur i bhfeidhm ríofa shimplithe faoi Airteagal 105a de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2015/35 3b – Céim cáilíochta creidmheasa 3 i ngeall ar chur i bhfeidhm Airteagal 176a de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2015/35 maidir le bannaí agus iasachtaí gan rátáil 4 – Céim cáilíochta creidmheasa 4 5 – Céim cáilíochta creidmheasa 5 6 – Céim cáilíochta creidmheasa 6 9 – Níl rátáil ar fáil

	ÍTIM	TREORACHA
C0350	Rátáil inmheánach	Infheidhme maidir le catagóirí CIC 1 – Bannaí rialtais, 2 – Bannaí corparáide, 5 – Nótaí struchtúrtha, 6 – Urrúis chomhthaobhaithe agus 8 – Morgáistí agus Iasachtaí (seachas CIC 87 agus CIC 88) ar a laghad, i gcás ina mbeidh fáil orthu sin. Rátáil inmheánach sócmhainní le haghaidh gnóthais a úsáideann rátálacha inmheánacha. Maidir le gnóthais a dhéanann coigeartú meaitseála a chur i bhfeidhm, tuairisceofar an mhír a mhéid a úsáidtear na rátálacha inmheánacha chun an raon difríochta bunúsach dá dtagraítear in Airteagal 77c (2) a ríomh.
C0360	Marthanacht	Níl sé infheidhme ach amháin maidir le catagóirí CIC 1 – Bannaí rialtais, 2 – Bannaí corparáideacha, 4 – Gnóthais Chomhinfheistíochta (i gcás inarb infheidhme, e.g. le haghaidh gnóthas comhinfheistíochta atá infheistithe i mbannaí go príomha), 5 – Nótaí struchtúrtha agus 6 – Urrúis chomhthaobhaithe. Marthanacht na sócmhainne, sainithe mar an “mharthanacht leasaithe iarmharach” (marthanacht leasaithe arna ríomh bunaithe ar an tréimhse ama atá fágtha le haghaidh aibíocht an urrúis, arna comhaireamh ón dáta tagartha maidir le tuairisciú). I gcás sócmhainní nach bhfuil aibíocht socraithe ina leith, úsáidfear dáta na céadrogha ach cuirfear san áireamh an dóchúlacht go mbainfear feidhm as an gcéadrogha ar cheannach. Ríomhfar an mharthanacht bunaithe ar an luach eacnamaíoch.
C0370	Praghas aonaid Shócmhainneacht II	Méid in airgeadra tuairiscithe le haghaidh na sócmhainne, más ábhartha. Tuairisceofar an mhír seo má soláthraíodh “cainníocht” (C0130) sa chéad chuid den teimpléad (“Faisnéis maidir le suíomhanna arna sealbhú”). Ní thuairisceofar an mhír seo má thuairiscítear mír Céatadán aonaid de phraghas mhéid ar par Shócmhainneacht II (C0380).
C0380	Céatadán aonaid de phraghas mhéid ar par Shócmhainneacht II	Méid i gcéatadán parluacha, praghas glan gan ús fabhraithe, le haghaidh na sócmhainne, más ábhartha. Tuairisceofar an mhír seo má soláthraíodh faisnéis “méid ar par” (C0140) sa chéad chuid den teimpléad (“Faisnéis maidir le suíomhanna arna sealbhú”) ach amháin maidir le CIC 71 agus catagóir CIC 9 – Maoin. Ní thuairisceofar an mhír seo má thuairiscítear mír Praghas aonaid Shócmhainneacht II (C0370).
C0390	Dáta aibíochta	Infheidhme maidir le catagóirí CIC 1 – Bannaí rialtais, 2 – Bannaí corparáide, 5 – Nótaí struchtúrtha, 6 – Urrúis chomhthaobhaithe agus 8 – Morgáistí agus Iasachtaí, CIC 74 agus CIC 79 amháin. Sainaithin cód ISO 8601 (bbbb–mm–ll) an dáta aibíochta. Comhfhreagraíonn sé don dáta aibíochta i gcónaí, fiú i gcás urrúis inghlaoite. Breithneofar na nithe seo a leanas: — Le haghaidh urrús buan úsáid “9999-12-31”; — Maidir le CIC 87 agus CIC 88, tá an aibíocht iarmhair ualaithe (bunaithe ar mhéid na hiasachta) le tuairisciú.

S.06.03 — Gnóthais chomhinfheistíochta — cur chuige na trédhearcachta

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach ráithiúil agus bliantúil faisnéise le haghaidh grúpaí.

Tá faisnéis sa teimpléad seo maidir le trédhearcacht na ngnóthas comhinfheistíochta nó infheistíochtaí a dhéantar a phacáistiú mar chistí, lena n-áirítear nuair is rannpháirtíochtaí a bhíonn iontu, de réir chatagóir na bunsócmhainne, na tíre eisiúna agus an airgeadra. Ag cur prionsabal na comhréireachta agus treoracha sonracha an teimpléid san áireamh, déanfar an trédhearcacht go dtí go ndéantar na catagóirí sócmhainne, na tíortha agus na hairgeadraí a shainaithint. I gcás cistí cistí, leanfar an cur chuige céanna i gcur chuige na trédhearcachta.

Áireofar faisnéis leis an teimpléad a chomhfhreagraíonn do 100 % den luach a infheistíodh i ngnóthais chomhinfheistíochta. Mar sin féin, le tíortha a shainaithint cuirfear cur chuige na trédhearcachta chun feidhme d'fhonn na neamhchosaintaí de 90 % de luach iomlán na gcistí a shainaithint lúide na méideanna a bhaineann le CIC 8 agus CIC 9, agus le hairgeadraí a shainaithint cuirfear cur chuige na trédhearcachta i bhfeidhm d'fhonn na neamhchosaintaí de 90 % de luach iomlán na gcistí a shainaithint. Áiritheoidh grúpaí go ndéanfar éagsúlú ar an 10 % nach sainaithneofar de réir tíre thar limistéir gheografacha, mar shampla nach mbeidh nach mó ná 5 % in aon tír amháin. Cuirfidh grúpaí cur chuige na trédhearcachta i bhfeidhm ag tosú ón mórairgeadra, ag cur an méid a infheistíodh san áireamh, chuig an gciste aonair is ísle agus coinneofar an cur chuige comhsheasmhach le himeacht ama.

Ní thuairisceofar faisnéis ráithiúil ach amháin i gcás inar mó ná 30 % an cóimheas idir na gnóthais chomhinfheistíochta arna sealbhú ag an ngrúpa agus na hinfheistíochtaí iomlána, arna thomhas mar an cóimheas idir mír C0010/R0180 de theimpléad S.02.01 móide gnóthais chomhinfheistíochta a áirítear i mír C0010/R0220 de theimpléad S.02.01 móide gnóthais chomhinfheistíochta a áirítear i mír C0010/R0090 agus suim mhír C0010/R0070 agus C0010/RC0220 de theimpléad S.02.01, nuair a úsáidtear modh 1 mar a shainmhínítear in Airteagal 230 de Threoir 2009/138/CE go heisiach. Nuair a úsáidtear modh 1 i gcomhcheangal le modh 2 mar a shainmhínítear in Airteagal 233 de Threoir 2009/138/CE nó nuair a úsáidtear modh 2 go heiseach, ní mór an cóimheas a choigeartú chun na míreanna de chuid na n-eintiteas uile a áirítear i raon feidhme theimpléad S.06.02 a ghabháil.

Déanfar míreanna a thuairisciú le luachanna deimhneacha mura luaitear a mhalairt sna treoracha faoi seach.

Is ionann na catagóirí sócmhainní dá dtagraítear sa teimpléad seo agus na cinn a shainmhínítear in Iarscríbhinn IV — Catagóirí Sócmhainní den Rialachán seo agus is tagairt d'Iarscríbhinn VI — tábla CIC den Rialachán seo iad na tagairtí do chóid CIC.

Beidh faisnéis sa teimpléad seo maidir le trédhearcacht gach gnóthais comhinfheistíochta, nó gach infheistíochta a dhéantar a phacáistiú mar chistí agus gnóthais chosúla, lena n-áirítear nuair is rannpháirtíochtaí a bhíonn iontu de réir chatagóir na bunsócmhainne, a thuairiscítear mír ar mhír in S.06.02. Má shealbhaíonn roinnt mhaith gnóthas aon ghnóthas comhinfheistíochta amháin nó aon infheistíocht amháin a dhéantar a phacáistiú mar chistí agus gnóthas cosúil, ní thuairisceofar ach aon uair amháin sa teimpléad seo é.

	ÍTIM	TREORACHA
C0010	Cód Aitheantais Ghnóthas Comhinfheistíochta	Cód aitheantais Sócmhainne ag úsáid na tosaíochta seo a leanas: — Cód ISO 6166 de chuid ISIN nuair a bhíonn sé ar fáil — Cóid aitheanta eile (e.g.: CUSIP, Bloomberg Ticker, Reuters RIC) — Cód atá sannta ag an ngnóthas, nuair nach mbíonn na roghanna thuasluaite ar fáil, agus nach mór a bheith comhsheasmhach le himeacht ama.

	ÍTIM	TREORACHA
C0020	Cineál Cóid Aitheantais Ghnóthas Comhinfheistíochta	Cineál Cóid Aitheantais a úsáidtear don mhír “Cód Aitheantais Sócmhainne”. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — ISO/6166 le haghaidh ISIN 2 – CUSIP (uimhir an Choiste um Nósanna Imeachta Uilíocha um Shainaithint Urrús sannta ag Biúró Seirbhíse CUSIP do chuideachtaí ó na Stáit Aontaithe agus ó Cheanada) 3 — SEDOL (Liosta Oifigiúil Laethúil an Stocmhalartáin le haghaidh Stocmhalartán Londain) 4 — WKN (Wertpapier Kenn-Nummer, an uimhir aitheantais alfa-uimhriúil sa Ghearmáin) 5 — Bloomberg Ticker (cód litreacha Bloomberg lena sainaithnítear urrúis cuideachta) 6 — BBGID (Aitheantas Domhanda Bloomberg) 7 — Reuters RIC (Cód ionstraime Reuters) 8 — FIGI (Aitheantóir Domhanda Ionstraime Airgeadais) 9 — Cód eile le comhaltaí Chumann na nGníomhaireachtaí Náisiúnta um Shannadh Uimhreacha 99 — Cód sannta ag an ngrúpa
C0030	An chatagóir bunsócmhainne	Na catagóirí sócmhainní, na hinfháltais agus na díorthaigh laistigh den ghnóthas comhinfheistíochta a shainaithint. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Bannaí rialtais 2 — Bannaí corparáide 3L — Cothromas a liostaítear 3X — Cothromas nach liostaítear 4 — Gnóthais Chomhinfheistíochta 5 — Nótaí struchtúrtha 6 — Urrúis chomhthaobhaithe 7 — Airgead agus taiscí 8 — Morgáistí agus iasachtaí 9 — Maoine 0 — Infheistíochtaí eile (lena n-áirítear infháltais) A — Todhchaíochtaí B-Céadroghanna ar cheannach C — Céadroghanna ar dhíol D — Babhtálacha E — Conarthaí réamhcheaptha F — Díorthaigh chreidmheasa L — Dliteanais Ní úsáidfear catagóir “4 — Gnóthais chomhinfheistíochta” ach le haghaidh luachanna iarmharacha neamhábhartha le haghaidh “cistí cistí” agus aon chiste eile araon.

	ÍTIM	TREORACHA
C0040	An tír eisiúna	Miondealú ar gach catagóir sócmhainne a sainaithníodh in C0030 de réir na tíre eisiúna. Sainaithin tír logánaithe an eisitheora. Déantar measúnú ar logánú an eisitheora de réir sheoladh an eintitis a eisíonn an tsócmhainn. Úsáidfear ceann de na roghanna: — Cód ISO 3166-1 alpha-2 — XA: Eisitheoirí fornáisiúnta — An tAontas: Institiúidí den Aontas Eorpach — AA: tíortha comhiomlána i ngeall ar chur i bhfeidhm tairsí Níl an mhír seo infheidhme maidir le Catagóirí 7, 8 agus 9 mar a thuairiscítear in C0030.
C0050	Airgeadra	Sainaithin cibé arb é airgeadra chatagóir na sócmhainne an t-airgeadra tuairiscithe nó ar airgeadra eachtrach atá i gceist leis. Déantar tagairt do gach airgeadra eile seachas an t-airgeadra tuairiscithe mar airgeadraí eachtracha. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Airgeadra tuairiscithe 2 — Airgeadra eachtrach 3 — Airgeadraí comhiomlána i ngeall ar chur i bhfeidhm tairsí
C0060	Méid iomlán	An méid iomlán a infheistíodh de réir catagóir sócmhainne, tíre agus airgeadra trí ghnóthais chomhinfheistíochta. Tuairisceofar méid deimhneach i gcás dliteanas, mura dliteanas díorthach í an mhír. I gcás díorthach, is féidir leis an méid iomlán a bheith deimhneach (más sócmhainn é) nó diúltach (más dliteanas é).

S.07.01 — Táirgí struchtúrtha

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh grúpaí.

Is ionann na catagóirí sócmhainní dá dtagraítear sa teimpléad seo agus na cinn a shainmhínítear in Iarscríbhinn IV — Catagóirí Sócmhainní den Rialachán seo agus is tagairt d'Iarscríbhinn VI — tábla CIC den Rialachán seo iad na tagairtí do chóid CIC.

Sainmhínítear táirgí struchtúrtha mar shócmhainní a thagann i gcatagóirí sócmhainne 5 (Nótaí struchtúrtha) agus 6 (Urrúis chomhthaobhaithe).

Ní thuairisceofar an teimpléad seo ach amháin i gcás inar mó ná 5 % líon na dtáirgí struchtúrtha, arna thomhas mar an cóimheas idir sócmhainní a aicmítear mar chatagóirí sócmhainne 5 (Nótaí struchtúrtha) agus 6 (Urrúis chomhthaobhaithe) mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn IV — Catagóirí Sócmhainne den Rialachán seo agus suim mhír C0010/R0070 agus C0010/R0220 de theimpléad S.02.01, nuair a úsáidtear modh 1 mar a shainmhínítear in Airteagal 230 de Threoir 2009/138/CE go heisiach. Nuair a úsáidtear modh 1 i gcomhcheangal le modh 2 mar a shainmhínítear in Airteagal 233 de Threoir 2009/138/CE nó nuair a úsáidtear modh 2 go heiseach, ní mór an cóimheas a choigeartú chun na míreanna de chuid na n-eintiteas uile a áirítear i raon feidhme theimpléad S.06.02 a ghabháil.

I gcásanna áirithe, sainaithnítear leis na cineálacha táirgí struchtúrtha (C0070) an díorthach leabaithe sa táirge struchtúrtha. Sa chás sin, úsáidfear an t-aicmiú sin nuair a bhíonn an díorthach dá dtagraítear leabaithe sa táirge struchtúrtha.

Tá an teimpléad infheidhme maidir le modh 1 (an modh bunaithe ar chomhdhlúthú cuntasaíochta), modh 2 (modh asbhainte agus comhiomlánaithe) agus meascán de mhodhanna 1 agus 2.

I gcás ina n-úsáidtear modh 1 go heisiach, léireofar sa tuairisciú suíomh comhdhlúite na nótaí struchtúrtha agus na n-urrús comhthaobhaithe glan ar idirbhearta inghrúpa arna sealbhú faoi raon feidhme mhaoirseacht an ghrúpa ina phunann. Déanfar an tuairisciú mar a leanas:

— Ní thuairisceofar mír "Ainm dlíthiúil an ghnóthais — C0010" ná "Cód aitheantais an ghnóthais — C0020";

— Tuairisceofar mír ar mhír na táirgí struchtúrtha arna sealbhú go díreach ag gnóthais árachais agus athárachais nó cuideachtaí sealbhaíochta árachais nó cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha atá rannpháirteach;

— Tuairisceofar mír ar mhír na táirgí struchtúrtha arna sealbhú ag gnóthais arna gcomhdhlúthú i gcomhréir le hAirteagal 335, mír 1, (a), (b) agus (c) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35;

— Ní chuirfear ar áireamh na táirgí struchtúrtha arna sealbhú ag gnóthais ghaolmhara eile.

I gcás ina n-úsáidtear modh 2 go heisiach, áireofar leis an tuairisciú an liosta mionsonraithe nótaí struchtúrtha agus urrús comhthaobhaithe arna sealbhú ag na gnóthais rannpháirtíochta, na cuideachtaí sealbhaíochta árachais nó na cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha agus ag fochuideachtaí, agus gan beann ar an sciar comhréireach a úsáidtear. Déanfar an tuairisciú mar a leanas:

— Tuairisceofar mír "Ainm dlíthiúil an ghnóthais — C0010" ná "Cód aitheantais an ghnóthais — C0020";

— Tuairisceofar mír ar mhír na táirgí struchtúrtha arna sealbhú go díreach ag gnóthais árachais agus athárachais nó cuideachtaí sealbhaíochta árachais nó cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha atá rannpháirteach

— Tuairisceofar mír ar mhír de réir an ghnóthais na táirgí struchtúrtha arna sealbhú ag gnóthais árachais agus athárachais, cuideachtaí sealbhaíochta árachais, gnóthais seirbhísí coimhdeacha agus meán sainchuspóireach ar fochuideachtaí iad (An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, coibhéiseach lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus neamhchoibhéiseach lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch);

— Ní chuirfear ar áireamh na táirgí struchtúrtha arna sealbhú ag gnóthais ghaolmhara eile.

I gcás ina n-úsáidtear meascán de mhodhanna 1 agus 2, léirítear i gcuid amháin den tuairisciú suíomh comhdhlúite na nótaí struchtúrtha agus na n-urrús comhthaobhaithe, glan ar idirbhearta inghrúpa, arna sealbhú faoi raon feidhme mhaoirseacht an ghrúpa nach mór iad a thuairisciú agus cuirfear ar áireamh leis an gcuid eile den tuairisciú liosta mionsonraithe na nótaí struchtúrtha agus na n-urrús comhthaobhaithe arna sealbhú ag na gnóthais rannpháirtíochta, cuideachtaí sealbhaíochta árachais nó cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha agus fochuideachtaí, gan beann ar an sciar comhréireach a úsáidtear.

Déanfar an chéad chuid den tuairisciú mar a leanas:

— Ní thuairisceofar mír "Ainm dlíthiúil an ghnóthais — C0010" ná "Cód aitheantais an ghnóthais — C0020";

— Tuairisceofar mír ar mhír na táirgí struchtúrtha arna sealbhú go díreach ag gnóthais árachais agus athárachais nó cuideachtaí sealbhaíochta árachais nó cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha atá rannpháirteach;

— Tuairisceofar mír ar mhír na táirgí struchtúrtha arna sealbhú ag gnóthais arna gcomhdhlúthú i gcomhréir le hAirteagal 335, mír 1, (a), (b) agus (c) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35;

— Ní chuirfear ar áireamh na táirgí struchtúrtha arna sealbhú ag gnóthais ghaolmhara eile

Déanfar an dara cuid den tuairisciú mar a leanas:

— Tuairisceofar mír "Ainm dlíthiúil an ghnóthais — C0010" ná "Cód aitheantais an ghnóthais — C0020";

— Tuairisceofar mír ar mhír na táirgí struchtúrtha arna sealbhú go díreach ag gnóthais árachais agus athárachais nó cuideachtaí sealbhaíochta árachais nó cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha atá rannpháirteach faoi mhodh 2;

— Tuairisceofar mír ar mhír de réir an ghnóthais na táirgí struchtúrtha arna sealbhú ag gnóthais árachais agus athárachais, cuideachtaí sealbhaíochta árachais, gnóthais seirbhísí coimhdeacha agus meán sainchuspóireach ar fochuideachtaí iad faoi mhodh 2 (An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, coibhéiseach lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus neamhchoibhéiseach lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch);

— Ní chuirfear ar áireamh na táirgí struchtúrtha arna sealbhú ag gnóthais ghaolmhara eile faoi mhodh 2.

	ÍTIM	TREORACHA
C0010	Ainm dlíthiúil an ghnóthais	Sainaithin ainm dlíthiúil an ghnóthais faoi raon feidhme mhaoirseacht an ghrúpa a shealbhaíonn an táirge struchtúrtha. Ní líonfar isteach an mhír seo ach amháin sa chás ina mbaineann sí le táirgí struchtúrtha arna sealbhú ag gnóthais rannpháirtíochta, cuideachtaí sealbhaíochta árachais nó cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha agus fochuideachtaí faoin modh asbhainte agus comhiomlánaithe.
C0020	Cód aitheantais an ghnóthais	Cód aitheantais de réir an oird tosaíochta seo: — Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI), éigeantach más ann dó; — Cód sonrach i gcás nach ann do chód LEI Cód sonrach: — Maidir le gnóthais rialáilte sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch seachas gnóthas árachais agus athárachais faoi raon feidhme mhaoirseacht an ghrúpa: cód aitheantais a úsáidtear sa mhargadh áitiúil, sannta ag údarás maoirseachta inniúil an ghnóthais; — Maidir le gnóthais nach bhfuil sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus gnóthais neamhrialáilte faoi raon feidhme an ghrúpa, soláthróidh an grúpa an cód aitheantais. Agus cód aitheantais á leithdháileadh ar gach gnóthas nach bhfuil sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó gach gnóthas neamhrialáilte, ba cheart go gcloífeadh an grúpa leis an bhformáid a leanas ar bhealach comhsheasmhach: cód aitheantais an mháthairghnóthais + cód alfa-2 ISO 3166-1 thír an ghnóthais + 5 dhigit

	ÍTIM	TREORACHA
C0030	An cineál cóid atá ag aitheantas an ghnóthais	Cineál an chóid aitheantais a úsáidtear le haghaidh na míre “Cód aitheantais an ghnóthais”. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — LEI 2 — Cód sonrach
C0040	Cód Aitheantais Sócmhainne	Cód aitheantais an táirge struchtúrtha, mar a thuairiscítear in S.06.02 ag úsáid na tosaíochta seo a leanas: — ISO 6166 de chuid ISIN nuair a bhíonn sé ar fáil — Cóid aitheanta eile (e.g.: CUSIP, Bloomberg Ticker, Reuters RIC) — Cód atá sannta ag an ngnóthas, nuair nach mbíonn na roghanna thuasluaite ar fáil. Coimeádfar an cód comhsheasmhach le himeacht ama agus ní athúsáidfear le haghaidh táirge eile é. Nuair is gá an cód aitheantais Sócmhainne céanna a thuairisciú maidir le sócmhainn amháin a eisítear in dhá airgeadra dhifriúla nó níos mó, is gá an cód aitheantais Sócmhainne agus cód aibítre ISO 4217 an airgeadra a shonrú, mar atá sa sampla seo a leanas: “cód+EUR”
C0050	Cineál Cóid Aitheantais Sócmhainne	Cineál Cóid Aitheantais a úsáidtear don mhír “Cód Aitheantais Sócmhainne”. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — ISO/6166 le haghaidh ISIN 2 – CUSIP (uimhir an Choiste um Nósanna Imeachta Uilíocha um Shainaithint Urrús sannta ag Biúró Seirbhíse CUSIP do chuideachtaí ó na Stáit Aontaithe agus ó Cheanada) 3 — SEDOL (Liosta Oifigiúil Laethúil an Stocmhalartáin le haghaidh Stocmhalartán Londain) 4 — WKN (Wertpapier Kenn-Nummer, an uimhir aitheantais alfa-uimhriúil sa Ghearmáin) 5 — Bloomberg Ticker (cód litreacha Bloomberg lena sainaithnítear urrúis cuideachta) 6 — BBGID (Aitheantas Domhanda Bloomberg) 7 — Reuters RIC (Cód ionstraime Reuters) 8 — FIGI (Aitheantóir Domhanda Ionstraime Airgeadais) 9 — Cód eile le comhaltaí Chumann na nGníomhaireachtaí Náisiúnta um Shannadh Uimhreacha 99 — Cód sannta ag an ngnóthas Nuair is gá an Cód Aitheantais Sócmhainne céanna a thuairisciú maidir le sócmhainn amháin a eisítear in 2 airgeadra dhifriúla nó níos mó agus sainmhínítear an cód in C0040 leis an gCód Aitheantais Sócmhainne agus cód aibítre ISO 4217 an airgeadra, tagróidh an Cineál Cóid Aitheantais Sócmhainne do rogha 99 agus do rogha an Chóid Aitheantais Sócmhainne bunaidh, mar atá sa sampla seo a leanas arbh é cód ISIN + airgeadra an cód a tuairiscíodh ina leith: “99/1”.

	ÍTIM	TREORACHA
C0060	Cineál comhthaobhachta	Sainaithin an cineál comhthaobhachta, leis na catagóirí sócmhainní a shainmhínítear in Iarscríbhinn IV — Catagóirí Sócmhainní. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Bannaí rialtais 2 — Bannaí corparáide 3 — Cothromas 4 — Gnóthais Chomhinfheistíochta 5 — Nótaí struchtúrtha 6 — Urrúis chomhthaobhaithe 7 — Airgead agus taiscí 8 — Morgáistí agus iasachtaí 9 — Maoine 0 — Infheistíochtaí eile 10 — Gan chomhthaobhacht Nuair is ann do níos mó ná aon chatagóir comhthaobhachta amháin le haghaidh aon táirge struchtúrtha aonair amháin, tuairisceofar an ceann is ionadaíche.
C0070	Cineál táirge struchtúrtha	Sainaithin cineál struchtúir an táirge. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Nótaí creidmheas-nasctha Urrús nó taisce lena ngabhann díorthach creidmheasa leabaithe (e.g. babhtálacha mainneachtana creidmheasa nó roghanna mainneachtana creidmheasa) 2 — Babhtálacha aibíochta tairisí (urrús lena ngabhann babhtáil ráta úis (“IRS”) leabaithe), i gcás ina n-athshocraítear sciar an úis chomhdhlúthaigh go tréimhsiúil de réir ráta margaidh aibíochta seasta.) 3 — Urrúis shócmhainn-bhunaithe (urrús ag a bhfuil sócmhainn mar chomhthaobhacht.) 4 — Urrúis de bhun morgáistí (urrús ag a bhfuil maoin réadach mar chomhthaobhacht.) 5 — Urrúis thráchtálacha le taca morgáistí (urrús ag a bhfuil maoin réadach mar chomhthaobhacht mar shampla maoine miondíola, maoine oifige, maoine tionsclaíocha, tithíocht ilteaghlach agus óstáin.) 6 — Oibleagáidí fiachais atá comhthaobhaithe

	ÍTIM	TREORACHA
		(urrús fiachais struchtúrtha le taca punainne atá comhdhéanta de bhannaí urraithe nó neamhurraithe arna n-eisiúint ag oibleagáideoirí corparáideacha nó ceannasacha, nó iasachtaí urraithe nó neamhurraithe a dhéantar le custaiméirí iasachta corparáideacha tráchtála agus tionsclaíocha de bhainc iasachtaí.) 7 — Oibleagáidí iasachta atá comhthaobhaithe (urrús ag a bhfuil mar shócmhainn fholuiteach iontaobhas punainne iasachtaí ina ndéantar na sreafaí airgid ón urrús a dhíorthú ón bpunann.) 8 — Oibleagáidí morgáiste atá comhthaobhaithe (urrús ar ghrád infheistíochta le taca linn bannaí, iasachtaí agus sócmhainní eile.) 9 — Nótaí agus taiscí atá nasctha le ráta úis 10 — Nótaí agus taiscí atá nasctha le cothromas agus le hinnéacs cothromais 11 — Nótaí agus taiscí atá nasctha le FX agus tráchtearraí 12 — Nótaí agus taiscí nasctha hibrideacha (cuimsítear leis réadmhaoin agus urrúis chothromais) 13 — Nótaí agus taiscí margadh-nasctha 14 — Nótaí agus taiscí árachas-nasctha, lena n-áirítear nótaí lena gcumhdaítear Riosca Tubaiste agus Aimsire chomh maith le Riosca Mortlaíochta 99 — Táirgí eile nach gcumhdaítear leis na roghanna roimhe seo
C0080	Cosaint chaipitil	Sainaithin cibé acu atá nó nach bhfuil cosaint chaipitil ag an táirge. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Cosaint chaipitil iomlán 2 — Cosaint chaipitil pháirteach 3 — Gan cosaint chaipitil
C0090	Sócmhainn fholuiteach/ innéacs/punann	Tabhair tuairisc ar an gcineál sócmhainne foluití. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Cothromas agus Cistí (grúpa nó bascaed roghnaithe cothromas) 2 — Airgeadra (grúpa nó bascaed roghnaithe airgeadraí) 3 — Ráta úis agus torthaí (innéacsanna banna, cuair thoraidh, difríochtaí i rátaí úis i réim ar aibíochtaí níos gearrthéarmaí agus níos fadtéarmaí, raonta difríochta creidmheasa, rátaí boilscithe, agus tagarmharcanna eile ráta úis nó toraidh) 4 — Tráchtearraí (earra bunúsach nó earraí bunúsacha roghnaithe)

	ÍTIM	TREORACHA
		5 — Innéacs (feidhmíocht innéacs roghnaithe) 6 — Iolrach (lena gcumasaítear teaglaim de na cineálacha féideartha a liostaítear thuas) 9 — Sócmhainní eile nach gcumhdaítear leis na roghanna roimhe seo (e.g. táscairí eacnamaíocha eile)
C0100	Inghlaoite nó indíola	Sainaithin cibé acu atá nó nach bhfuil gnéithe glaoite agus/nó díola, nó iad araon más infheidhme, ag an táirge. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Glao ag an gceannaitheoir 2 — Glao ag an díoltóir 3 — Díol ag an gceannaitheoir 4 — Díol ag an díoltóir 5 — Aon teaglaim de na roghanna roimhe 6 — Neamhbhainteach
C0110	Táirge struchtúrtha sintéiseach	Sainaithin cibé acu an táirge struchtúrtha gan aon aistriú sócmhainní é nó nach ea (e.g. táirgí nach n-eascróidh astu aon soláthar sócmhainní, cé is moite d'airgead tirim, i gcás teagmhas díobhálach/fabhrach). Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Táirge struchtúrtha gan aon aistriú sócmhainne 2 — Táirge struchtúrtha lena mbaineann aistriú sócmhainne
C0120	Táirge struchtúrtha réamhíocaíochta	Sainaithin cibé acu an táirge struchtúrtha lenar féidir réamhíocaíocht a dhéanamh é nó nach ea, a mheastar an réamhíocaíocht mar thabhairt ar ais luath neamhsceidealaithe na príomhshuime. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Táirge struchtúrtha réamhíocaíochta 2 — Ní táirge struchtúrtha réamhíocaíochta atá ann
C0130	Luach na comhthaobhachta	Méid iomlán na comhthaobhachta a bhaineann leis an táirge struchtúrtha d'ainneoin cineál na comhthaobhachta. I gcás soláthar urrúis chomhthaobhaigh ar bhonn punainne, ní gá a thuairisciú ach an luach a bhaineann leis an gconradh aonair seachas an luach iomlán.
C0140	Punann chomhthaobhachta	Léiríonn an mhír seo cibé acu a chumhdaítear aon táirge struchtúrtha amháin nó níos mó ná aon táirge struchtúrtha amháin arna shealbhú ag an ngnóthas leis an gcomhthaobhacht i ndáil leis an táirge struchtúrtha. Tagraíonn glansuíomhanna do na suíomhanna arna sealbhú maidir le táirgí struchtúrtha. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Ríomhtar an chomhthaobhacht ar bhonn glansuíomhanna a leanann as sraith conarthaí 2 — Ríomhtar an chomhthaobhacht ar bhonn conradh aonair 10 — Gan chomhthaobhacht

	ÍTIM	TREORACHA
C0150	Toradh bliantúil seasta	Sainaithin an cúpón (a thuairiscítear mar dheachúil), más infheidhme, le haghaidh chatagóirí CIC 5 (Nótaí struchtúrtha) agus 6 (Urrúis chomhthaobhaithe).
C0160	Toradh bliantúil athraitheach	Sainaithin an ráta toraidh comhdhlúthach, más infheidhme, le haghaidh chatagóirí CIC 5 (Nótaí struchtúrtha) agus 6 (Urrúis chomhthaobhaithe). Is coitianta a shainaithnítear é mar ráta margaidh tagarmhairc móide raon difríochta, nó mar a bheith spleách ar fheidhmíocht phunainne nó innéacs (spleách ar shócmhainn fholuiteach) nó ar thorthaí níos casta arna socrú ag conair phraghais na sócmhainne foluití (spleách ar chonair), i measc nithe eile. Nuair is gá, is féidir an mhír seo a thuairisciú mar theaghrán le léiriú a thabhairt ar an gcaoi a ríomhtar an toradh.
C0170	Caillteanas i gcás mainneachtana	An céatadán (a thuairiscítear mar dheachúlach) den mhéid infheistithe nach ngnóthófar tar éis mainneachtana, más infheidhme, le haghaidh chatagóirí CIC 5 (Nótaí struchtúrtha) agus 6 (Urrúis chomhthaobhaithe). Ní dhéanfar tuairisciú ar an mír sin mura sainmhínítear faisnéis sa chonradh. Níl an mhír seo infheidhme maidir le táirge struchtúrtha neamhchreidmheasa.
C0180	Pointe astaithe	An céatadán caillteanais a shainmhínítear sa chonradh (a thuairiscítear mar dheachúlach) arb os a chionn a dhéanann na caillteanais difear don táirge struchtúrtha, más infheidhme, le haghaidh chatagóirí CIC 5 (Nótaí struchtúrtha) agus 6 (Urrúis chomhthaobhaithe). Níl an mhír seo infheidhme maidir le táirge struchtúrtha neamhchreidmheasa.
C0190	Pointe dí-astaithe	An céatadán caillteanais a shainmhínítear sa chonradh (a thuairiscítear mar dheachúlach) arb os a chionn nach ndéanann na caillteanais difear a thuilleadh don táirge struchtúrtha, más infheidhme, le haghaidh chatagóirí CIC 5 (Nótaí struchtúrtha) agus 6 (Urrúis chomhthaobhaithe). Níl an mhír seo infheidhme maidir le táirge struchtúrtha neamhchreidmheasa.

S.08.01 — Díorthaigh oscailte

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach ráithiúil agus bliantúil faisnéise le haghaidh grúpaí.

Is ionann na catagóirí díorthach dá dtagraítear sa teimpléad seo agus na cinn a shainmhínítear in Iarscríbhinn IV — Catagóirí Sócmhainní den Rialachán seo agus is tagairt d'Iarscríbhinn VI — tábla CIC den Rialachán seo iad na tagairtí do chóid CIC. Tá liosta mír ar mhír sa teimpléad seo de dhíorthaigh arna sealbhú go díreach ag an ngrúpa (i.e. nach bhfuil bunaithe ar chur chuige na trédhearcachta), ar féidir iad a aicmiú mar chatagóirí sócmhainní ó A go F.

Cumhdaítear leis an teimpléad seo díorthaigh a thrádáiltear ar stocmhalartán nó ar mhargadh láraithe coibhéiseach, chomh maith le díorthaigh a thrádáiltear thar an gcuntar.

Nuair a thrádáiltear díorthach ar stocmhalartán nó ar mhargadh láraithe coibhéiseach, is é an stocmhalartán nó an margadh láraithe coibhéiseach sin an contrapháirtí seachas an contrapháirtí deiridh, mar is amhlaidh i gcás díorthaigh a thrádáiltear thar an gcuntar.

Meastar gur sócmhainní iad díorthaigh má tá a luach Shócmhainneacht II deimhneach nó nialasach. Meastar gur dliteanais iad má tá a luach Shócmhainneacht II diúltach. Áireofar an dá dhíorthach a mheastar gur sócmhainní nó a mheastar gur dliteanais iad araon.

Áireofar san fhaisnéis na conarthaí díorthach go léir a bhí ann le linn na tréimhse tuairiscithe agus nár dúnadh roimh an dáta tagartha maidir le tuairisciú.

Má bhíonn trádálacha ar an díorthach céanna go minic, rud lena gcruthaítear roinnt suíomhanna oscailte, is féidir an díorthach a thuairisciú ar bhonn comhiomlán nó ar glanbhonn, fad a bhfuil na saintréithe ábhartha uile i bpáirtcoiteann agus go bhfuil na treoracha sonracha maidir le gach mír ábhartha á gcomhlíonadh.

Déanfar míreanna a thuairisciú le luachanna deimhneacha mura luaitear a mhalairt sna treoracha faoi seach.

Is ionstraim airgeadais nó conradh eile é díorthach ag a bhfuil na trí shaintréith uile seo a leanas:

a) Athraíonn a luach mar fhreagairt ar an athrú ar ráta úis sonraithe, ar phraghas na hionstraime airgeadais, ar phraghas tráchtearraí, ar an ráta malairte eachtraí, ar an innéacs praghsanna nó rátaí, ar an rátáil chreidmheasa nó innéacs creidmheasa, nó ar athróg eile, ar choinníoll i gcás athróige neamhairgeadais, nach mbaineann an athróg go sonrach le páirtí sa chonradh (ar a dtugtar an "athróg fholuiteach" uaireanta).

b) Ní cheanglaítear leis aon ghlaninfheistíocht tosaigh ná glaninfheistíocht tosaigh ar lú í ná a cheanglófaí le haghaidh chineálacha eile conarthaí a mbeadh coinne leis go mbeadh freagairt den chineál céanna acu agus a bheadh ag athruithe ar thosca an mhargaidh.

c) Socraítear ar dháta sa todhchaí é.

Tá dhá thábla sa teimpléad seo: Faisnéis maidir le suíomhanna arna sealbhú agus Faisnéis maidir le díorthaigh.

Ar an tábla Faisnéis maidir le suíomhanna a arna sealbhú, déanfar tuairisciú ar leithligh maidir le gach díorthach agus úsáidtear an oiread rónna agus is gá d'fhonn gach athróg neamhairgeadaíochta a iarrtar sa tábla sin a líonadh isteach i gceart. Má tharlaíonn sé i gcás an díorthaigh chéanna gur féidir dhá luach a chur i leith athraitheach amháin, ansin ní mór an díorthach sin a thuairisciú i níos mó ná líne amháin.

Go háirithe, i gcás díorthaigh lena mbaineann níos mó na péire airgeadraí, déanfar é a dheighilt de réir chomhpháirteanna na péire agus a thuairisciú i rónna difriúla.

Ar an tábla Faisnéis maidir le díorthach, déanfar tuairisciú ar leithligh maidir le gach díorthach, agus beidh ró amháin ann le haghaidh gach díorthaigh, ag líonadh isteach na n-athróg uile arna n-iarraidh sa tábla sin.

I gcás ina n-úsáidtear modh 1 go heisiach, léireofar sa tuairisciú suíomh comhdhlúite na ndíorthach glan ar idirbhearta inghrúpa arna sealbhú faoi raon feidhme mhaoirseacht an ghrúpa. Déanfar an tuairisciú mar a leanas:

— Ní thuairisceofar mír "Ainm dlíthiúil an ghnóthais — C0010" ná "Cód aitheantais an ghnóthais — C0020";

— Tuairisceofar mír ar mhír na díorthaigh arna sealbhú ag gnóthais árachais agus athárachais nó cuideachtaí sealbhaíochta árachais nó cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha atá rannpháirteach;

— Tuairisceofar mír ar mhír na díorthaigh arna sealbhú ag gnóthais arna gcomhdhlúthú i gcomhréir le hAirteagal 335, mír 1, (a), (b) agus (c) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35;

— *Ní chuirfear ar áireamh* na díorthaigh arna sealbhú ag gnóthais ghaolmhara eile

I gcás ina n-úsáidtear modh 2 go heisiach, áireofar leis an tuairisciú an liosta mionsonraithe de na díorthaigh arna sealbhú ag na gnóthais rannpháirtíochta, na cuideachtaí sealbhaíochta árachais nó na cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha agus ag fochuideachtaí, agus gan beann ar an sciar comhréireach a úsáidtear. Déanfar an tuairisciú mar a leanas:

— Tuairisceofar mír “Ainm dlíthiúil an ghnóthais — C0010” ná “Cód aitheantais an ghnóthais — C0020”;

— Tuairisceofar mír ar mhír na díorthaigh arna sealbhú ag gnóthais árachais agus athárachais nó cuideachtaí sealbhaíochta árachais nó cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha atá rannpháirteach;

— Tuairisceofar mír ar mhír de réir an ghnóthais na díorthaigh arna sealbhú ag gnóthais árachais agus athárachais, cuideachtaí sealbhaíochta árachais, gnóthais seirbhísí coimhdeacha agus meán sainchuspóireach ar fochuideachtaí iad (An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, coibhéiseach lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus neamhchoibhéiseach lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch);

— Ní chuirfear ar áireamh na díorthaigh arna sealbhú ag gnóthais ghaolmhara eile.

I gcás ina n-úsáidtear meascán de mhodhanna 1 agus 2, léireofar i gcuid amháin den tuairisciú suíomh comhdhlúite na ndíorthach, glan ar idirbhearta inghrúpa, arna sealbhú faoi raon feidhme mhaoirseacht an ghrúpa nach mór iad a thuairisciú agus cuirfear ar áireamh leis an gcuid eile den tuairisciú liosta mionsonraithe na ndíorthach arna sealbhú ag na gnóthais rannpháirtíochta, cuideachtaí sealbhaíochta árachais nó cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha agus fochuideachtaí, gan beann ar an sciar comhréireach a úsáidtear.

Déanfar an chéad chuid den tuairisciú mar a leanas:

— Ní thuairisceofar mír “Ainm dlíthiúil an ghnóthais — C0010” ná “Cód aitheantais an ghnóthais — C0020”;

— Tuairisceofar mír ar mhír na díorthaigh arna sealbhú ag gnóthais árachais agus athárachais nó cuideachtaí sealbhaíochta árachais nó cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha atá rannpháirteach;

— Tuairisceofar mír ar mhír na díorthaigh arna sealbhú ag gnóthais arna gcomhdhlúthú i gcomhréir le hAirteagal 335, mír 1, (a), (b) agus (c) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35;

— Ní chuirfear ar áireamh na díorthaigh arna sealbhú ag gnóthais ghaolmhara eile.

Déanfar an dara cuid den tuairisciú mar a leanas:

— Tuairisceofar mír “Ainm dlíthiúil an ghnóthais — C0010” ná “Cód aitheantais an ghnóthais — C0020”;

— Tuairisceofar mír ar mhír na díorthaigh arna sealbhú ag gnóthais árachais agus athárachais nó cuideachtaí sealbhaíochta árachais nó cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha atá rannpháirteach faoi mhodh 2;

— Tuairisceofar mír ar mhír de réir an ghnóthais na díorthaigh arna sealbhú ag gnóthais árachais agus athárachais, cuideachtaí sealbhaíochta árachais, gnóthais seirbhísí coimhdeacha agus meán sainchuspóireach ar fochuideachtaí iad faoi mhodh 2 (An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, coibhéiseach lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus neamhchoibhéiseach lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch);

— Ní chuirfear ar áireamh na díorthaigh arna sealbhú ag gnóthais ghaolmhara eile faoi mhodh 2.

D’fhéadfadh an fhaisnéis maidir leis an Measúnú creidmheasa seachtrach (C0290) agus Institiúidí ainmnithe um Measúnú Creidmheasa Seachtrach (“IMCS”) (C0300) a bheith teoranta (neamhthuairiscithe) sna himthosca seo a leanas:

a) trí chinneadh ón údarás maoirseachta náisiúnta (“NSA”) faoi Airteagal 254(2) de Threoir 2009/138/CE; nó

b) trí chinneadh ón údarás maoirseachta náisiúnta sna cásanna ina bhfuil socruithe seachfhoinsithe i bhfeidhm ag na gnóthas árachais agus athárachais sa réimse infheistíochtaí a fhágann nach bhfuil an fhaisnéis shonrach sin ar fáil go díreach ag an ngnóthas.

	ÍTIM	TREORACHA
Faisnéis maidir le suíomhanna a shealbhaítear		
C0010	Ainm dlíthiúil an ghnóthais	Sainaithin ainm dlíthiúil an ghnóthais faoi raon feidhme mhaoirseacht an ghrúpa a shealbhaíonn an díorthach. Ní líonfar isteach an mhír seo ach amháin sa chás ina mbaineann sí le díorthaigh arna sealbhú ag gnóthais rannpháirtíochta, cuideachtaí sealbhaíochta árachais, cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha agus fochuideachtaí faoin modh asbhainte agus comhiomlánaithe.
C0020	Cód aitheantais an ghnóthais	Cód aitheantais de réir an oird tosaíochta seo: — Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI), éigeantach más ann dó; — Cód sonrach i gcás nach ann do chód LEI. Cód sonrach: — Maidir le gnóthais rialáilte sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch seachas gnóthas árachais agus athárachais faoi raon feidhme mhaoirseacht an ghrúpa: cód aitheantais a úsáidtear sa mhargadh áitiúil, sannta ag údarás maoirseachta inniúil an ghnóthais; — Maidir le gnóthais nach bhfuil sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus gnóthais neamhrialáilte faoi raon feidhme an ghrúpa, soláthróidh an grúpa an cód aitheantais. Agus cód aitheantais á leithdháileadh ar gach gnóthas nach bhfuil sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó gach gnóthas neamhrialáilte, ba cheart go gcloífeadh an grúpa leis an bhformáid a leanas ar bhealach comhsheasmhach: cód aitheantais an mháthairghnóthais + cód alfa-2 ISO 3166-1 thír an ghnóthais + 5 dhigit
C0030	An cineál cóid atá ag aitheantas an ghnóthais	Cineál an chóid aitheantais a úsáidtear le haghaidh na míre "Cód aitheantais an ghnóthais". Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — LEI 2 — Cód sonrach
C0040	Cód Aitheantais Díorthaigh	Cód Aitheantais Díorthaigh ag úsáid na tosaíochta seo a leanas: — Cód ISO 6166 de chuid ISIN nuair a bhíonn sé ar fáil — Cóid aitheanta eile (e.g.: CUSIP, Bloomberg Ticker, Reuters RIC) — Cód atá sannta ag an ngnóthas, nuair nach mbíonn na roghanna thuasluaite ar fáil, agus ní mór dó a bheith comhsheasmhach le himeacht ama

	ÍTIM	TREORACHA
C0041	Aitheantóirí Uathúla Idirbhirt	Sainaithin na haitheantóirí trádála a úsáidtear sna tuarascálacha trádála chuig stórtha trádála i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála. Ba cheart a thuairisciú sa mhír seo an oiread aitheantóirí trádála is gá chun an suíomh atá á thuairisciú a thógáil. Déanfar na haitheantóirí trádála a thuairisciú agus camóga eatarthu. Tuairisceofar an mhír seo le "Gan aitheantóir" i gcás nach dtagann an díorthach faoi raon feidhme Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.
C0050	Cineál Cóid Aitheantais Díorthaigh	Cineál Cóid Aitheantais a úsáidtear don mhír "Cód Aitheantais Díorthaigh". Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — ISO/6166 le haghaidh ISIN 2 – CUSIP (uimhir an Choiste um Nósanna Imeachta Uilíocha um Shainaithint Urrús sannta ag Biúró Seirbhíse CUSIP do chuideachtaí ó na Stáit Aontaithe agus ó Cheanada) 3 — SEDOL (Liosta Oifigiúil Laethúil an Stocmhalartáin le haghaidh Stocmhalartán Londain) 4 — WKN (Wertpapier Kenn-Nummer, an uimhir aitheantais alfa-uimhriúil sa Ghearmáin) 5 — Bloomberg Ticker (cód litreacha Bloomberg lena sainaithnítear urrúis cuideachta) 6 — BBGID (Aitheantas Domhanda Bloomberg) 7 — Reuters RIC (Cód ionstraime Reuters) 8 — FIGI (Aitheantóir Domhanda Ionstraime Airgeadais) 9 — Cód eile le comhaltaí Chumann na nGníomhaireachtaí Náisiúnta um Shannadh Uimhreacha 99 — Cód sannta ag an ngnóthas
C0060	Punann	Idirdhealú idir saol, neamhshaol, cistí scairshealbhóirí, ginearálta (gan deighilt) agus cistí imfhálaithe. Sannfar díorthaigh fholuiteacha d'fhorálacha teicniúla saoil don phunann saoil agus sannfar díorthaigh fholuiteacha d'fhorálacha teicniúla neamhshaoil don phunann neamhshaoil (tríd an deighilt is beaichte atá ar fáil a chur i bhfeidhm). Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Saol 2 — Neamhshaol 3 — Cistí imfhálaithe 4 — Ciste inmheánach eile 5 — Cistí scairshealbhóirí 6 — Ginearálta Níl an deighilt éigeantach, mura gceanglaíonn an t-údarás maoirseachta náisiúnta a mhalairt, ach amháin chun cistí imfhálaithe a shainaithint, ach tuairisceofar í má úsáideann an gnóthas í go hinmheánach. Úsáidfear "ginearálta" i gcás nach gcuireann gnóthas deighilt i bhfeidhm.

	ÍTIM	TREORACHA
C0070	Uimhir chiste	Infheidhme maidir le díorthaigh arna sealbhú i gcistí imfhálaithe nó i gcistí inmheánacha eile a shainítear ar an leibhéal náisiúnta, go háirithe maidir le cistí (punanna sócmhainní) lena dtacaítear le táirgí árachas saoil. Uimhir nó cód arna sannadh nó arna shannadh ag an ngnóthas, a chomhfhreagraíonn don uimhir nó don chód uathúil a shanntar do gach chiste. Ní mór don uimhir nó don chód sin a bheith comhsheasmhach le himeacht ama agus úsáidfear é nó í chun na cistí céanna a shainaithint i dteimpléid eile (e.g. in S.06.02). Ní athúsáidfear le haghaidh ciste eile é nó í.
C0080	Díorthaigh arna sealbhú i gconarthaí aonadnasctha agus innéacsnasctha	Sainaithin na díorthaigh arna sealbhú i gconarthaí aonadnasctha agus innéacsnasctha. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Aonadnasctha nó innéacsnasctha 2 — Gan a bheith aonadnasctha ná innéacsnasctha
C0090	An ionstraim fholuiteach a ghabhann leis an díorthach	Cód aitheantais na hionstraime foluití (sócmhainn nó dliteanas) a ghabhann leis an gconradh díorthach. Ní sholáthrófar an mhír seo ach amháin le haghaidh díorthaigh lena mbaineann aon ionstraim fholuiteach amháin nó ionstraimí foluiteacha iolracha i bpunann an ghnóthais.Meastar innéacs a bheith ina ionstraim aonair, agus tuairisceofar é. Cód aitheantais na hionstraime faoi bhun an díorthaigh ag úsáid na tosaíochta seo a leanas: — Cód ISO 6166 de chuid ISIN nuair a bhíonn sé ar fáil — Cóid aitheanta eile (e.g.: CUSIP, Bloomberg Ticker, Reuters RIC) — Cód atá sannta ag an ngnóthas le haghaidh na hionstraime foluití nuair nach mbíonn na roghanna thuasluaite ar fáil, agus ní mór dó a bheith uathúil agus comhsheasmhach le himeacht ama le haghaidh na hionstraime sin; — "Ilsócmhainní/ildliteanais" más mó ná ceann amháin atá i líon na sócmhainní nó na ndliteanas foluiteach. Más innéacs é an ionstraim fholuiteach, déanfar cód an innéacs a thuairisciú.
C0100	Cineál cóid na sócmhainne foluití nó an dliteanais fholuitigh a ghabhann leis an díorthach	Cineál an chóid aitheantais a úsáidtear le haghaidh na míre "Ionstraim fholuiteach a ghabhann leis an díorthach". Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — ISO/6166 le haghaidh ISIN 2 — CUSIP (uimhir an Choiste um Nósanna Imeachta Uilíocha um Shainaithint Urrús sannta ag Biúró Seirbhíse CUSIP do chuideachtaí ó na Stáit Aontaithe agus ó Cheanada) 3 — SEDOL (Liosta Oifigiúil Laethúil an Stocmhalartáin le haghaidh Stocmhalartán Londain) 4 — WKN (Wertpapier Kenn-Nummer, an uimhir aitheantais alfa-uimhriúil sa Ghearmáin) 5 — Bloomberg Ticker (cód litreacha Bloomberg lena sainaithnítear urrúis cuideachta)

	ÍTIM	TREORACHA
		6 — BBGID (Aitheantas Domhanda Bloomberg) 7 — Reuters RIC (Cód ionstraime Reuters) 8 — FIGI (Aitheantóir Domhanda Ionstraime Airgeadais) 9 — Cód eile le comhaltaí Chumann na nGníomhaireachtaí Náisiúnta um Shannadh Uimhreacha 99 — Cód sannta ag an ngnóthas i gcás nach bhfuil aon cheann de na roghanna thuas ar fáil. Úsáidfear an rogha seo freisin le haghaidh cásanna "Ilsócmhainní/ildliteanais" agus innéacsanna.
C0110	Úsáid an díorthaigh	Tabhair tuairisc ar úsáid an díorthaigh (e.g. micreafhálú/macrafhálú, bainistíocht punainne éifeachtúil). Tagraítear le "Micreafhálú" do dhíorthaigh lena gcumhdaítear ionstraim airgeadais (sócmhainn nó dliteanas), idirbheart réamhaisnéisithe nó dliteanas eile aonair. Tagraítear le "Macrafhálú" do dhíorthaigh lena gcumhdaítear sraith ionstraimí airgeadais (sócmhainní nó dliteanais), idirbheart réamhaisnéisithe nó dliteanais eile. Tagraíonn bainistíocht éifeachtúil punainne de ghnáth d'oibríochtaí inar mian leis an mbainisteoir feabhas a chur ar ioncam punainne trí phatrún sreafa airgid (níos ísle) a mhalartú le ceann eile lena ngabhann luach níos airde, ag úsáid díorthaigh nó sraith díorthach, gan comhdhéanamh phunann na sócmhainne a athrú, le méid infheistíochta níos ísle agus níos lú costas idirbheart. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – Micreafhálú 2 — Macrafhálú 3 – Sreafaí airgid sócmhainní agus dliteanas a úsáidtear i gcomhthéacs punann coigeartaithe meaitseála a mheaitseáil 4 – Bainistíocht éifeachtúil punainne, seachas "Sreafaí airgid sócmhainní agus dliteanas a mheaitseáil" a úsáidtear i gcomhthéacs punann coigeartaithe meaitseála
C0131	Méid barúlach an díorthaigh	An méid atá cumhdaithe nó neamhchosanta ar an díorthach, arna thuairisciú san airgeadra tosaigh. Maidir le todhchaíochtaí agus roghanna a chomhfhreagraíonn do mhéid an chonartha arna iolrú faoin spreag-luach agus líon na gconarthaí a tuairiscíodh sa líne sin. Maidir le babhtálacha agus réamhchonarthaí, comhfhreagraíonn sé do mhéid na gconarthaí ar an gconradh a tuairiscíodh sa líne sin. Nuair a bhíonn an spreag-luach ag comhfhreagairt do raon, úsáidfear meánluach an raoin. Tagraíonn an méid barúlach don mhéid atá á fhálú/infheistiú (nuair nach mbíonn rioscaí á gcumhdach). Má tharlaíonn roinnt trádálacha, beidh sé cothrom leis an glanmhéid ar an dáta maidir le tuairisciú.

	ÍTIM	TREORACHA
C0140	Ceannaitheoir/Díoltóir	Níl sé infheidhme ach amháin maidir le todhchaíochtaí agus roghanna, babhtálacha agus conarthaí díorthach creidmheasa. Sainaithin cé acu ar ceannaíodh nó ar díoladh an conradh díorthach. Sainmhínítear suíomh an cheannaitheora agus an díoltóra le haghaidh babhtálacha i gcoibhneas le méid an urrúis nó an méid barúlach agus na sreafaí babhtála. Is le díoltóir babhtála méid an urrúis nó an méid barúlach ar thionscnamh an chonartha agus comhaontaíonn sé seachadadh a dhéanamh le linn théarma an chonartha ar mhéid an urrúis nó ar an méid barúlach sin, lena n-áirítear aon eis-sreabhadh eile a bhaineann leis an gconradh, nuair is infheidhme. Beidh ceannaitheoir babhtála ina úinéir ar mhéid an urrúis nó ar an méid barúlach ag deireadh an chonartha dhíorthaigh agus gheobhaidh sé le linn théarma an chonartha méid an urrúis nó an méid barúlach sin, lena n-áirítear aon insreabhadh eile a bhaineann leis an gconradh, nuair is infheidhme. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas, cé is moite de Bhabhtálacha Ráta Úis: 1 – Ceannaitheoir 2 – Díoltóir Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas le haghaidh na mbabhtálacha ráta úis: 3 — FX–FL: Seachaid babhtáil airgeadraí eachtracha ar bhonnbhabhtáil 4 — FX–FX: Seachaid babhtáil airgeadraí eachtracha ar bhabhtáil airgeadraí eachtracha 5 — FL–FX: Seachaid bonnbhabhtáil ar bhabhtáil airgeadraí eachtracha 6 — FL–FL: Seachaid bonnbhabhtáil ar bhonnbhabhtáil
C0150	Préimh a íocadh go dtí seo	An íocaíocht a rinneadh (má ceannaíodh), ar roghanna agus íocaíocht tosaigh, agus méideanna préimheanna tréimhsiúla a íocadh ar bhabhtálacha, ón bpointe a rinne an gnóthas an conradh díorthach.
C0160	Préimh a fuarthas go dtí seo	An íocaíocht a fuarthas (má díoladh), ar roghanna agus íocaíocht tosaigh, agus méideanna préimheanna tréimhsiúla a fuarthas ar bhabhtálacha, ón bpointe a ndearna an gnóthas an conradh díorthach.
C0170	An líon conarthaí	An líon conarthaí díorthacha comhchosúla a tuairiscíodh sa líne. Sin é an líon conarthaí a dhéanfar. Maidir le díorthaigh thar an gcuntar, e.g. conradh babhtála amháin, tuairisceofar “1”, agus más deich mbabhtáil leis na saintréithe céanna é, tuairisceofar “10”. Ní gá gur slánuimhir a bheidh sa líon conarthaí, nuair is gá conarthaí a dheighilt. Is é an líon conarthaí na cinn a bheidh gan íoc ar an dáta maidir le tuairisciú.

	ÍTIM	TREORACHA
C0180	Méid conartha	An líon sócmhainní foluiteacha sa chonradh (e.g. le haghaidh todhchaíochtaí cothromais, is é an líon cothromas atá le seachadadh in aghaidh an chonartha dhíorthaigh tráth na haibíochta, i gcás todhchaíochtaí bannaí is é an méid tagartha is bun le gach conradh). Bíonn éagsúlacht ag baint leis an gcaoi a sainítear méid an chonartha de réir an chineáil ionstraime. Maidir le todhchaíochtaí ar chothromais is gnách go sainítear méid an chonartha mar fheidhm de líon na scaireanna is bun leis an gconradh. I gcás todhchaíochtaí ar bhannaí, is éméid ainmniúil an bhanna is bun leis an gconradh. Níl sé infheidhme ach maidir le todhchaíochtaí agus roghanna amháin.
C0190	Caillteanas uasta faoi theagmhas leachtaithe	Uasmhéid an chaillteanas má tharlaíonn teagmhas leachtaithe. Infheidhme maidir le catagóir CIC F. I gcás ina mbeidh díorthach creidmheasa 100 % comhthaobhaithe, is é nialas an caillteanas uasta faoi theagmhas leachtaithe.
C0200	Méid eis-sreafa babhtálacha	Méid arna sheachadadh faoin gconradh babhtála (seachas préimheanna), le linn na tréimhse tuairiscithe. Comhfhreagraíonn don ús a íocadh ar IRS agus méideanna arna seachadadh le haghaidh babhtálacha airgeadra, babhtálacha creidmheasa, babhtálacha an toraidh iomláin agus babhtálacha eile. Sna cásanna ina ndéantar an tsocraíocht ar bhonn glan ní thuairisceofar ach amháin ceann de na míreanna C0200 agus C0210.
C0210	Méid insreafa babhtálacha	Méid a fhaightear faoin gconradh babhtála (seachas préimheanna), le linn na tréimhse tuairiscithe. Comhfhreagraíonn don ús a fuarthas ar IRS agus méideanna a fuarthas le haghaidh babhtálacha airgeadra, babhtálacha creidmheasa, babhtálacha an toraidh iomláin agus babhtálacha eile. Sna cásanna ina ndéantar an tsocraíocht ar bhonn glan ní thuairisceofar ach amháin ceann de na míreanna C0200 agus C0210.
C0220	Dáta tosaigh	Sainaithin Cód ISO 8601 (bbbb–mm–ll) an dáta nuair a tháinig na hoibleagáidí faoin gconradh i bhfeidhm. I gcás ina dtarlaíonn dátaí éagsúla i dtaca leis an díorthach céanna, ní thuairisceofar ach an ceann a bhaineann leis an gcéad dáta trádála den díorthach agus ró amháin maidir le gach díorthach (ní bheidh rónna difriúla ann le haghaidh gach trádála) lena léireofar an méid iomlán a infheistíodh sa díorthach sin ag cur na ndátaí trádála difriúla san áireamh. I gcás nuachana, beidh an dáta nuachana ar an dáta trádála don díorthach sin.
C0230	Marthanacht	Fad díorthaigh, arna shainiú mar an fad modhnaithe iarmharach, maidir le díorthaigh dá bhfuil tomhas faid infheidhme. Ríomhtar mar an fad glan idir insreafaí agus eis-sreafaí ón díorthach é, nuair is infheidhme.

	ÍTIM	TREORACHA
C0240	Luach Shócmhainneacht II	Luach an díorthaigh ón dáta tuairiscithe arna ríomh mar a shainmhínítear le hAirteagal 75 de Threoir 2009/138/CE. Is féidir leis a bheith deimhneach, diúltach nó nialasach.
C0250	Modh luachála	Sainaithin an modh luachála arna úsáid agus díorthaigh á luacháil. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — margadhphraghas luaite i margaí gníomhacha le haghaidh na sócmhainní nó na ndliteanas céanna 2 — margadhphraghas luaite i margaí gníomhacha le haghaidh sócmhainní nó dliteanais chomhchosúla 3 — modhanna luachála comhroghnacha 6 — luacháil margaidh de réir Airteagal 9(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35

Faisnéis maidir le díorthaigh		
C0040	Cód Aitheantais Díorthaigh	Cód Aitheantais Díorthaigh ag úsáid na tosaíochta seo a leanas: — Cód ISO 6166 de chuid ISIN nuair a bhíonn sé ar fáil — Cóid aitheanta eile (e.g.: CUSIP, Bloomberg Ticker, Reuters RIC) — Cód atá sannta ag an ngnóthas, nuair nach mbíonn na roghanna thuasluaite ar fáil, agus ní mór dó a bheith comhsheasmhach le himeacht ama
C0050	Cineál Cóid Aitheantais Díorthaigh	Cineál Cóid Aitheantais a úsáidtear don mhír "Cód Aitheantais Díorthaigh". Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — ISO/6166 le haghaidh ISIN 2 – CUSIP (uimhir an Choiste um Nósanna Imeachta Uilíocha um Shainaithint Urrús sannta ag Biúró Seirbhíse CUSIP do chuideachtaí ó na Stáit Aontaithe agus ó Cheanada) 3 — SEDOL (Liosta Oifigiúil Laethúil an Stocmhalartáin le haghaidh Stocmhalartán Londain) 4 — WKN (Wertpapier Kenn-Nummer, an uimhir aitheantais alfa-uimhriúil sa Ghearmáin) 5 — Bloomberg Ticker (cód litreacha Bloomberg lena sainaithnítear urrúis cuideachta) 6 — BBGID (Aitheantas Domhanda Bloomberg) 7 — Reuters RIC (Cód ionstraime Reuters) 8 — FIGI (Aitheantóir Domhanda Ionstraime Airgeadais) 9 — Cód eile le comhaltaí Chumann na nGníomhaireachtaí Náisiúnta um Shannadh Uimhreacha 99 — Cód sannta ag an ngnóthas

		Faisnéis maidir le díorthaigh
C0260	Ainm an chontrapháirtí	Ainm chontrapháirtí an díorthaigh. Comhfhreagróidh an mhír seo d'ainm an eintitis sa bhunachar sonraí LEI, nuair a bhíonn sí ar fáil. Nuair nach mbíonn fáil uirthi, comhfhreagróidh sí don ainm dlíthiúil. Breithneofar na nithe seo a leanas: — Ainm an mhargaidh malairte le haghaidh díorthaigh arna dtrádáil ar an stocmhalartán; nó — Ainm an Chontrapháirtí Lárnaigh (CCP) le haghaidh díorthaigh thar an gcuntar i gcás ina ndéantar iad a imréiteach trí CCP; nó — Ainm an chontrapháirtí chonarthaigh le haghaidh na ndíorthach eile thar an gcuntar.
C0270	Cód Contrapháirtí	Cód aitheantais an chontrapháirtí ag úsáid na tosaíochta seo a leanas: — LEI, nuair atá fáil air; — Cód atá sannta ag an ngnóthas, nuair nach mbíonn LEI ar fáil, agus beidh sé comhsheasmhach le himeacht ama. Tá an mhír seo infheidhme maidir le gach contrapháirtí, lena n-áirítear díorthaigh arna n-imréiteach trí chontrapháirtí lárnach, agus i gcás mar sin tagraíonn an cód Contrapháirtí don chontrapháirtí lárnach sin.
C0280	Cineál cóid contrapháirtí	An cód a úsáidtear don mhír "Cód Contrapháirtí" a shainaithint. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — LEI 2 — Cód sonrach
C0290	Measúnú creidmheasa seachtrach	Níl sé infheidhme ach amháin maidir le Díorthaigh thar an gcuntar. Rátáil chontrapháirtí an díorthaigh ar an dáta tagartha maidir le tuairisciú arna soláthar ag an institiúid ainmnithe um measúnú creidmheasa seachtrach (IMCS). Níl an mhír seo infheidhme maidir le díorthaigh a mbíonn rátálacha inmheánacha in úsáid ina leith ag gnóthais a úsáideann samhail inmheánach. Gnóthais a úsáideann an tsamhail inmheánach, mura n-úsáideann na gnóthais sin rátáil inmheánach, tuairisceofar an mhír sin. Fágfar an mhír folamh mura bhfuil rátáil eisitheora ar fáil. I gcás ina dtuairisceofar "IMCS iolrach" in C0300 tuairisceofar an rátáil sheachtrach is ionadaíche.
C0300	Institiúid ainmnithe um measúnú creidmheasa seachtrach	Sainaithin an institiúid um measúnú creidmheasa seachtrach (IMCS) a thugann an rátáil sheachtrach in C0290, ach ainm an IMCS mar atá sé foilsithe ar shuíomh gréasáin IMCS a úsáid. I gcás rátálacha arna n-eisiúint ag fochuideachtaí de IMCS tuairisceofar máthairchuideachta IMCS (déantar an tagairt do liosta ESMA de ghníomhaireachtaí rátála creidmheasa atá cláraithe nó deimhnithe i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 maidir le gníomhaireachtaí rátála creidmheasa). — Tuairisceofar an mhír sin nuair a thuairiscítear Rátáil sheachtrach (C0290).

		Faisnéis maidir le díorthaigh
C0310	Céim na cáilíochta creidmheasa	Sainaithin an chéim cáilíochta creidmheasa atá sannta do chontrapháirtí an díorthaigh, mar atá sainmhínithe le hAirteagal 109a(1) de Threoir 2009/138/CE. Léireofar sa chéim cáilíochta creidmheasa aon athchoigeartú ar an gcáilíocht chreidmheasa arna dhéanamh go hinmheánach ag na gnóthais ina n-úsáidtear an fhoirmle chaighdeánach. Níl an mhír seo infheidhme maidir le díorthaigh a mbíonn rátálacha inmheánacha in úsáid ina leith ag gnóthais a úsáideann samhail inmheánach. Gnóthais a úsáideann an tsamhail inmheánach, mura n-úsáideann na gnóthais sin rátáil inmheánach, tuairisceofar an mhír sin. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 0 – Céim cáilíochta creidmheasa 0 1 – Céim cáilíochta creidmheasa 1 2 – Céim cáilíochta creidmheasa 2 3 — Céim cáilíochta creidmheasa 3 4 – Céim cáilíochta creidmheasa 4 5 – Céim cáilíochta creidmheasa 5 6 – Céim cáilíochta creidmheasa 6 9 — Níl rátáil ar fáil
C0320	Rátáil inmheánach	Rátáil inmheánach díorthach le haghaidh gnóthais a úsáideann rátálacha inmheánacha. Maidir le gnóthais a chuireann coigeartú meaitseála i bhfeidhm, tuairisceofar an rátáil inmheánach a mhéid a úsáidtear na rátálacha inmheánacha chun an raon difríochta bunúsach dá dtagraítear in Airteagal 77c (2) a ríomh.
C0330	Grúpa contrapháirtí	Níl sé infheidhme ach amháin maidir le Díorthaigh thar an gcuntar, maidir le contrapháirtithe conarthacha seachas margadh malairte agus Contrapháirtí Lárnach (CCP). Ainm mháthaireintiteas deiridh an chontrapháirtí. Comhfhreagróidh an mhír seo d'ainm an eintitis sa bhunachar sonraí d'Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI), nuair a bhíonn sí ar fáil. Nuair nach mbíonn fáil uirthi, comhfhreagróidh sí don ainm dlíthiúil.
C0340	Cód an ghrúpa contrapháirtí	Níl sé infheidhme ach amháin maidir le Díorthaigh thar an gcuntar, maidir le contrapháirtithe conarthacha seachas margadh malairte agus Contrapháirtí Lárnach (CCP). Cód aitheantais an chontrapháirtí ag úsáid na tosaíochta seo a leanas: — LEI nuair atá fáil air — Cód atá sannta ag an ngnóthas, nuair nach mbíonn LEI ar fáil, agus beidh sé comhsheasmhach le himeacht ama Ní dhéanfar tuairisciú ar an mír seo nuair nach bhfuil sé infheidhme.

		Faisnéis maidir le díorthaigh
C0350	Cineál cóid an ghrúpa contrapháirtí	An cód a úsáidtear don mhír "Cód an Ghrúpa contrapháirtithe" a shainaithint. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — LEI 2 — Cód sonrach
C0360	Ainm an chonartha	Ainm an chonartha dhíorthaigh.
C0370	Airgeadra	Sainaithneofar cód aibítreach ISO 4217 airgeadra an díorthaigh, i.e. airgeadra mhéid barúlach an díorthaigh (e.g. rogha maidir le méid bunúsach a bheith in USD, airgeadra a sloinntear an méid barúlach ina leith ar bhonn conarthach le haghaidh babhtáil FX).
C0371	Airgeadra praghsanna	Sainaithneofar cód aibítreach ISO 4217 airgeadra phraghas an díorthaigh, i.e. airgeadra an mhéid arna mhalartú in aghaidh mhéid barúlach an díorthaigh. Má tá an gnóthas ag íoc (nó ag fáil) airgeadra A don mhéid barúlach (airgeadra B) mar shampla, is é A airgeadra an phraghais. Is é B airgeadra an mhéid bharúlaigh, arna thuairisci ú in (C0370).
C0380	CIC	Cód Aitheantais Comhlántach a úsáidtear chun sócmhainní a aicmiú, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn — VI — Tábla CIC den Rialachán seo. Agus díorthaigh á n-aicmiú leis an tábla CIC, cuirfidh gnóthais san áireamh an riosca is ionadaíche dá nochtar an díorthach.
C0390	Spreag-luach	Praghas tagartha le haghaidh todhchaíochtaí, praghas ceangail le haghaidh roghanna (i gcás bannaí, beidh an praghas cothrom le céatadán den mhéid ar par), ráta malairte airgeadra nó an ráta úis le haghaidh conarthaí réamhcheaptha, etc. Níl sé infheidhme maidir le CIC D3 – Babhtálacha ráta úis agus airgeadra. Maidir le CIC F1 – Babhtálacha mainneachtana creidmheasa ní líonfar isteach é mura féidir. I gcás níos mó ná spreagadh amháin le himeacht ama, tuairiscigh an chéad spreagadh eile a tharlóidh. Nuair atá raon spreag-luachanna ag an díorthach, tuairiscigh an tacar atá deighilte ag fleiscín "," mura bhfuil an raon leanúnach agus tuairiscigh an raon atá deighilte ag "–" má tá sé leanúnach.
C0400	Leachtaigh spreagadh an chonartha	Sainaithneofar an teagmhas is cúis le leachtú an chonartha, amach as na coinníollacha éaga nó téarma rialta. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – Féimheacht an eintitis fholuitigh nó thagartha 2 — Titim dhíobhálach ar luach na sócmhainne tagartha foluití 3 — Athrú díobhálach ar rátáil chreidmheasa na sócmhainní nó an eintitis fholuitigh 4 – Nuachan, i.e. an gníomh lena n-ionadaítear oibleagáid faoin díorthach le hoibleagáid nua, nó lena n-ionadaítear páirt den díorthach le páirtí nua 5 – Teagmhais iolracha nó teaglaim teagmhas 6 – Teagmhais eile nach gcumhdaítear leis na roghanna roimhe seo 9 — Ní ann do spreagadh leachtaithe

		Faisnéis maidir le díorthaigh
C0430	Dáta aibíochta	Sainaithin cód ISO 8601 (bbbb-mm-ll) an dáta atá sainithe ar bhonn conartha do dhúnadh an chonartha dhíorthaigh - bíodh sé ar an dáta aibíochta, dáta éaga le haghaidh roghanna (Eorpacha nó Meiriceánacha), etc.
C0440	Babhtáil arna seachadadh	Sainaithin an méid a sheachadann an gnóthas faoin gconradh babhtála (E.g.: Euribor + 0,5 %; 2,3 %; EUR).
C0450	Babhtáil faighte	Sainaithin an méid a fhaigheann an gnóthas faoin gconradh babhtála (E.g.: Euribor + 0,5 %; 2,3 %; EUR).

S.09.01 — Faisnéis maidir le gnóthachain/ioncam agus caillteanais sa tréimhse

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh grúpaí.

Tá faisnéis sa teimpléad seo maidir le gnóthachain/ioncam agus caillteanais de réir na catagóire sócmhainne (lena n-áirítear díorthaigh) i.e., ní éilítear tuairisciú mír ar mhír. Na catagóirí sócmhainní a mheastar sa teimpléad seo, is iad na cinn a shainmhínítear in Iarscríbhinn IV — Catagóirí Sócmhainní.

Ar leibhéal grúpa, tá an teimpléad infheidhme maidir le modh 1 (an modh bunaithe ar chomhdhlúthú cuntasaíochta), modh 2 (an modh asbhainte agus comhiomlánaithe) agus meascán de mhodhanna 1 agus 2.

I gcás ina n-úsáidtear modh 1 go heisiach, léireofar sa tuairisciú suíomh comhdhlúite na bpunann (i.e. glan ar IGT) faoi raon feidhme mhaoirseacht an ghrúpa. Déanfar an tuairisciú mar a leanas:

— Ní thuairisceofar mír "Ainm dlíthiúil an ghnóthais — C0010" ná "Cód aitheantais an ghnóthais — C0020";

— Tuairisceofar gnóthachain/ioncam agus caillteanais na bpunann arna sealbhú ag gnóthais árachais agus athárachais nó cuideachtaí sealbhaíochta árachais nó cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha punann ar phunann, gach ceann de réir chatagóir sócmhainne;

— Tuairisceofar gnóthachain/ioncam agus caillteanais na bpunann arna sealbhú ag gnóthais arna gcomhdhlúthú i gcomhréir le hAirteagal 335, mír 1, (a), (b) agus (c) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 punann ar phunann, gach ceann de réir chatagóir sócmhainne;

— Ní chuirfear ar áireamh gnóthachain/ioncam agus caillteanais punann arna sealbhú ag gnóthais ghaolmhara eile;

I gcás ina n-úsáidtear modh 2 go heisiach, áireofar leis an tuairisciú an liosta mionsonraithe de na punanna arna sealbhú ag na gnóthais árachais agus athárachais nó ag cuideachtaí sealbhaíochta árachais nó na cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha agus ag fochuideachtaí agus a mbrabúsacht de réir chatagóir sócmhainne. Déanfar an tuairisciú mar a leanas:

— Tuairisceofar mír "Ainm dlíthiúil an ghnóthais — C0010" ná "Cód aitheantais an ghnóthais — C0020";

— Tuairisceofar gnóthachain/ioncam agus caillteanais na bpunann arna sealbhú ag gnóthais árachais agus athárachais nó cuideachtaí sealbhaíochta árachais nó cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha punann ar phunann, gach ceann de réir chatagóir sócmhainne;

— Tuairisceofar gnóthachain/ioncam agus caillteanais na bpunann arna sealbhú ag fochuideachtaí (EEA, neamh-EEA coibhéiseach, neamh-EEA neamh-choibhéiseach) punann ar phunann, gach ceann de réir chatagóire sócmhainn;

— Ní chuirfear ar áireamh gnóthachain/ioncam agus caillteanais punann arna sealbhú ag gnóthais ghaolmhara eile;

I gcás ina n-úsáidtear meascán de mhodhanna 1 agus 2, léirítear i gcuid amháin den tuairisciú suíomh comhdhlúite na bpunann (i.e. glan ar IGT) faoi raon feidhme mhaoirseacht an ghrúpa nach mór iad a thuairisciú agus cuirfear ar áireamh leis an gcuid eile den tuairisciú an liosta mionsonraithe de na punanna arna sealbhú ag fochuideachtaí agus a mbrabúsacht de réir catagóire sócmhainne.

Déanfar an chéad chuid den tuairisciú mar a leanas:

— Ní thuairisceofar mír "Ainm dlíthiúil an ghnóthais — C0010" ná "Cód aitheantais an ghnóthais — C0020";

— Tuairisceofar gnóthachain/ioncam agus caillteanais na bpunann arna sealbhú ag gnóthais árachais agus athárachais nó cuideachtaí sealbhaíochta árachais nó cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha punann ar phunann, gach ceann de réir chatagóir sócmhainne;

— Tuairisceofar gnóthachain/ioncam agus caillteanais na bpunann arna sealbhú ag gnóthais arna gcomhdhlúthú i gcomhréir le hAirteagal 335, mír 1, (a), (b) agus (c) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 punann ar phunann, gach ceann de réir chatagóir sócmhainne;

— Ní chuirfear ar áireamh gnóthachain/ioncam agus caillteanais punann arna sealbhú ag gnóthais ghaolmhara eile;

Déanfar an dara cuid den tuairisciú mar a leanas:

— Tuairisceofar mír "Ainm dlíthiúil an ghnóthais — C0010" ná "Cód aitheantais an ghnóthais — C0020";

— Tuairisceofar gnóthachain/ioncam agus caillteanais na bpunann arna sealbhú ag gnóthais árachais agus athárachais nó cuideachtaí sealbhaíochta árachais nó cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha punann ar phunann, gach ceann de réir chatagóir sócmhainne;

— Tuairisceofar gnóthachain/ioncam agus caillteanais na bpunann arna sealbhú ag fochuideachtaí (EEA, neamh-EEA coibhéiseach, neamh-EEA neamh-choibhéiseach) punann ar phunann, gach ceann de réir chatagóire sócmhainn;

— Ní chuirfear ar áireamh gnóthachain/ioncam agus caillteanais punann arna sealbhú ag gnóthais ghaolmhara eile.

Déanfar míreanna a thuairisciú le luachanna deimhneacha mura luaitear a mhalairt sna treoracha faoi seach.

	ÍTIM	TREORACHA
C0010	Ainm dlíthiúil an ghnóthais	Sainaithin ainm dlíthiúil an ghnóthais faoi raon feidhme mhaoirseacht an ghrúpa lena mbaineann an toradh ar infheistíocht. Ní líonfar isteach an mhír seo ach amháin sa chás ina mbaineann sí leis an toradh ar infheistíocht de réir catagóire sócmhainne le haghaidh sócmhainní arna sealbhú ag fochuideachtaí arna gcomhdhlúthú faoin modh asbhainte agus comhiomlánaithe. Ní líonfar isteach an chill seo ach amháin sa chás ina mbaineann sé leis an liosta punann ar phunann sócmhainní, agus gach ceann á dtuairisciú de réir catagóire sócmhainne, arna sealbhú ag fochuideachtaí faoi mhodh 2. Nuair a bhíonn an chill líonta isteach, ní féidir na punanna arna sealbhú ag fochuideachtaí faoi mhodh 2 a réiteach le teimpléad S.06.02. Nuair a bhíonn an chill folamh, is féidir na punanna arna sealbhú ag an ngrúpa a réiteach le teimpléad S.06.02.

	ÍTIM	TREORACHA
C0020	Cód aitheantais an ghnóthais	Cód aitheantais de réir an oird tosaíochta seo: — Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI), éigeantach más ann dó; — Cód sonrach i gcás nach ann do chód LEI. Cód sonrach: — Maidir le gnóthais rialáilte sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch seachas gnóthas árachais agus athárachais faoi raon feidhme mhaoirseacht an ghrúpa: cód aitheantais a úsáidtear sa mhargadh áitiúil, sannta ag údarás maoirseachta inniúil an ghnóthais; — Maidir le gnóthais nach bhfuil sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus gnóthais neamhrialáilte faoi raon feidhme an ghrúpa, soláthróidh an grúpa an cód aitheantais. Agus cód aitheantais á leithdháileadh ar gach gnóthas nach bhfuil sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó gach gnóthas neamhrialáilte, ba cheart go gcloífeadh an grúpa leis an bhformáid a leanas ar bhealach comhsheasmhach: cód aitheantais an mháthairghnóthais + cód alfa-2 ISO 3166-1 thír an ghnóthais + 5 dhigit
C0030	An cineál cóid atá ag aitheantas an ghnóthais	Cineál an chóid aitheantais a úsáidtear le haghaidh na míre “Cód aitheantais an ghnóthais”. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — LEI 2 — Cód sonrach
C0040	Catagóir sócmhainne	Sainaithin na catagóirí sócmhainne atá i láthair sa phunann. Úsáid na catagóirí atá sainmhínítear in Iarscríbhinn IV – Catagóirí Sócmhainní.
C0050	Punann	Idirdhealú idir saol, neamhshaol, cistí scairshealbhóirí, ginearálta (gan deighilt) agus cistí imfhálaithe. Sannfar gnóthachain/ioncam agus caillteanais maidir le sócmhainní is bun le forálacha teicniúla saoil don phunann saoil agus sannfar gnóthachain/ioncam agus caillteanais maidir le sócmhainní is bun le forálacha teicniúla neamhshaoil don phunann neamhshaoil (tríd an deighilt is beaichte atá ar fáil a chur i bhfeidhm). Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Saol 2 — Neamhshaol 3 — Cistí imfhálaithe 4 — Cistí inmheánacha eile 5 — Cistí scairshealbhóirí 6 — Ginearálta Níl an deighilt éigeantach, mura gceanglaíonn an t-údarás maoirseachta náisiúnta a mhalairt, ach amháin chun cistí imfhálaithe a shainaithint, ach tuairisceofar í má úsáideann an gnóthas í go hinmheánach. Úsáidfear “ginearálta” i gcás nach gcuireann gnóthas deighilt i bhfeidhm.

	ÍTIM	TREORACHA
C0060	Sócmhainn arna sealbhú i gconarthaí aonadnasctha agus innéacsnasctha	Sainaithin na sócmhainní arna sealbhú i gconarthaí aonadnasctha agus innéacsnasctha. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Aonadnasctha nó innéacsnasctha 2 — Gan a bheith aonadnasctha ná innéacsnasctha
C0070	Díbhinní	An méid díbhinní tuillte thar an tréimhse tuairiscithe, i.e. díbhinní arna bhfáil lúide an ceart chun díbhinn atá aitheanta cheana ag tús na tréimhse tuairiscithe a fháil, móide an ceart chun díbhinn atá aitheanta ag deireadh na tréimhse tuairiscithe a fháil. Infheidhme maidir le sócmhainní ar a n-íoctar díbhinn mar shampla cothromas, urrúis tosaíochta agus gnóthais chomhinfheistíochta. Áirítear leis freisin díbhinní arna bhfáil ó shócmhainní atá díreach díolta nó aibithe.
C0080	Ús	An méid úis tuillte, i.e. an t-ús a fuarthas lúide ús fabhraithe ag tús na tréimhse móide ús fabhraithe, ag deireadh na tréimhse tuairiscithe. Áirítear leis ús arna fháil nuair a díoladh an tsócmhainn nó nuair a chuaigh sí in aibíocht nó nuair a fuarthas an cúpón. Infheidhme maidir le cúpón agus sócmhainní ar a n-íoctar ús mar shampla bannaí, iasachtaí agus taiscí.
C0090	Cíos	An méid cíosa tuillte, i.e. an cíos a fuarthas lúide cíos fabhraithe ag tús na tréimhse móide cíos fabhraithe, ag deireadh na tréimhse tuairiscithe. Áirítear leis freisin cíosanna a fuarthas nuair a díoladh an tsócmhainn nó nuair a chuaigh sí in aibíocht. Níl sé infheidhme ach amháin maidir le réadmhaoinE, gan beann ar an bhfeidhm.
C0100	Glanghnóthachain agus caillteanais	Glanghnóthachain agus caillteanais a leanann as sócmhainní a dhíoltar nó a théann in aibíocht le linn na tréimhse tuairiscithe. Ríomhtar na gnóthachain agus na caillteanais mar an difríocht idir luach díolacháin nó aibíochta agus an luach de réir Airteagal 75 de Threoir 2009/138/CE ag deireadh na bliana tuairiscithe roimhe sin (nó, i gcás sócmhainní arna bhfáil le linn na tréimhse tuairiscithe, an luach éadála). Is féidir leis an nglanluach a bheith deimhneach, diúltach nó nialasach. Déanfar an ríomh sin gan ús fabhraithe.
C0110	Gnóthachain agus caillteanais neamhréadaithe	Gnóthachain agus caillteanais neamhréadaithe a leanann as sócmhainní nach ndíoltar nó nach dtéann in aibíocht le linn na tréimhse tuairiscithe. Ríomhtar na gnóthachain agus na caillteanais neamhréadaithe mar an difríocht idir an luach de réir Airteagal 75 de Threoir 2009/138/CE ag deireadh dheireadh na bliana tuairiscithe agus an luach de réir Airteagal 75 de Threoir 2009/138/CE ag deireadh na bliana tuairiscithe roimhe sin (nó, i gcás sócmhainní arna bhfáil le linn na tréimhse tuairiscithe, an luach éadála). Is féidir leis an nglanluach a bheith deimhneach, diúltach nó nialasach. Déanfar an ríomh sin gan ús fabhraithe.

S.10.01 — Iasacht urrús agus idirbhearta athcheannaigh

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh grúpaí.

Tá liosta mír ar mhír sa teimpléad seo d'idirbhearta iasachta urrús agus conarthaí comhaontuithe athcheannaigh (ceannaitheoir agus díoltóir), ina gcuimsítear freisin na babhtálacha leachtachta dá dtagraítear in Airteagal 309 (2)(f) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.

Ní thuairisceofar é ach amháin nuair a léirítear le luach na n-urrús foluiteach, laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe, a bhfuil baint acu le comhaontuithe iasachta nó athcheannaigh, ag a bhfuil dáta aibíochta a thagann tar éis an dáta tagartha tuairiscithe, níos mó ná 5 % de na hinfheistíochtaí iomlána mar a thuairiscítear in C0010/R0070 agus C0010/R0220 de theimpléad S.02.01. nuair a úsáidtear go heisiach modh 1 mar a shainmhínítear in Airteagal 230 de Threoir 2009/138/CE. Nuair a úsáidtear modh 1 i gcomhcheangal le modh 2 mar a shainmhínítear in Airteagal 233 de Threoir 2009/138/CE nó nuair a úsáidtear modh 2 go heiseach, ní mór an cóimheas a choigeartú chun na míreanna de chuid na n-eintiteas uile a áirítear i raon feidhme theimpléad S.06.02 a ghabháil.

Tuairisceofar na conarthaí uile atá laistigh den chlár comhardaithe agus lasmuigh den chlár comhardaithe. Áireofar ar an bhfaisnéis na conarthaí uile sa tréimhse tuairiscithe gan beann ar cé acu a bhí siad oscailte nó iata ar an dáta maidir le tuairisciú. I gcás conarthaí ar cuid de straitéis tar-rollta iad, i gcás inarb é an t-idirbheart céanna atá i gceist leo go substaintiúil, ní thuairisceofar ach suíomhanna oscailte sa chás sin.

Sainmhínítear comhaontú athcheannaigh mar dhíol urrús in éineacht le comhaontú don díoltóir na hurrúis a cheannach ar ais ar dháta níos déanaí. Sainmhínítear iasacht urrús mar iasachtú urrús ag páirtí amháin chuig páirtí eile, rud lena n-éilítear go soláthraíonn an t-iasachtaí comhthaobhacht don iasachtóir.

Déanfar míreanna a thuairisciú le luachanna deimhneacha mura luaitear a mhalairt sna treoracha faoi seach.

Na catagóirí sócmhainní dá dtagraítear sa teimpléad seo, is iad na cinn a shainmhínítear in Iarscríbhinn IV — Catagóirí Sócmhainní den Rialachán seo agus is tagairt d'Iarscríbhinn VI — tábla CIC den Rialachán seo iad na tagairtí do chóid CIC.

Tuairisceofar gach comhaontú athcheannaigh agus gach conradh um iasacht urrús in oiread rónna agus is gá chun an fhaisnéis arna hiarraidh a sholáthar. Más amhlaidh i gcás mír amháin go n-oireann rogha amháin cuid den ionstraim atá á tuairisciú agus go n-oireann rogha eile an chuid eile, ansin is gá an conradh a dhíchuachadh mura luaitear a mhalairt sna treoracha.

Tá an teimpléad infheidhme maidir le modh 1 (an modh bunaithe ar chomhdhlúthú cuntasaíochta), modh 2 (modh asbhainte agus comhiomlánaithe) agus meascán de mhodhanna 1 agus 2.

I gcás ina n-úsáidtear modh 1 go heisiach, léireofar sa tuairisciú suíomh comhdhlúite na gcomhaontuithe athcheannaigh agus na gconarthaí um iasacht urrús glan ar idirbhearta inghrúpa arna sealbhú faoi raon feidhme mhaoirseacht an ghrúpa. Déanfar an tuairisciú mar a leanas:

— Ní thuairisceofar mír “Ainm dlíthiúil an ghnóthais — C0010” ná “Cód aitheantais an ghnóthais — C0020”;

— Tuairisceofar mír ar mhír na comhaontuithe athcheannaigh agus na conarthaí um iasacht urrús arna sealbhú go díreach (i.e. nach bhfuil bunaithe ar chur chuige na trédhearcachta) ag gnóthais árachais agus athárachais nó cuideachtaí sealbhaíochta árachais nó cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha atá rannpháirteach;

— Tuairisceofar mír ar mhír na comhaontuithe athcheannaigh agus na conarthaí um iasacht urrús arna sealbhú go díreach (i.e. nach bhfuil bunaithe ar chur chuige na trédhearcachta) ag gnóthais arna gcomhdhlúthú i gcomhréir le hAirteagal 335, mír 1, (a), (b) agus (c) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35;

— Ní chuirfear ar áireamh na comhaontuithe athcheannaigh agus na conarthaí um iasacht urrús arna sealbhú ag gnóthais ghaolmhara eile.

I gcás ina n-úsáidtear modh 2 go heisiach, áireofar leis an tuairisciú an liosta mionsonraithe de na comhaontuithe athcheannaigh agus na conarthaí um iasacht urrús arna sealbhú ag na gnóthais rannpháirtíochta, na cuideachtaí sealbhaíochta árachais nó na cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha agus ag fochuideachtaí, agus gan beann ar an sciar chomhréireach a úsáidtear. Déanfar an tuairisciú mar a leanas:

— Tuairisceofar mír “Ainm dlíthiúil an ghnóthais — C0010” ná “Cód aitheantais an ghnóthais — C0020”;

— Tuairisceofar mír ar mhír na comhaontuithe athcheannaigh agus na conarthaí um iasacht urrús arna sealbhú go díreach (i.e. nach bhfuil bunaithe ar chur chuige na trédhearcachta) ag gnóthais árachais agus athárachais nó cuideachtaí sealbhaíochta árachais nó cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha atá rannpháirteach;

— Tuairisceofar mír ar mhír na comhaontuithe athcheannaigh agus na conarthaí um iasacht urrús arna sealbhú go díreach (i.e. nach bhfuil bunaithe ar chur chuige na trédhearcachta) ag gnóthais árachais agus athárachais, cuideachtaí sealbhaíochta árachais, gnóthais seirbhísí coimhdeacha agus meán sainchuspóireach ar fochuideachtaí iad (An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, coibhéiseach lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus neamhchoibhéiseach lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch);

— Ní chuirfear ar áireamh na comhaontuithe athcheannaigh agus na conarthaí um iasacht urrús arna sealbhú ag gnóthais ghaolmhara eile.

I gcás ina n-úsáidtear meascán de mhodhanna 1 agus 2, léireofar i gcuid amháin den tuairisciú suíomh comhdhlúite na gcomhaontuithe athcheannaigh agus na gconarthaí um iasacht urrús, glan ar idirbhearta inghrúpa, arna sealbhú faoi raon feidhme mhaoirseacht an ghrúpa nach mór iad a thuairisciú agus cuirfear ar áireamh leis an gcuid eile den tuairisciú liosta mionsonraithe de na comhaontuithe athcheannaigh agus na conarthaí um iasacht urrús arna sealbhú ag na gnóthais rannpháirtíochta, cuideachtaí sealbhaíochta árachais nó cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha agus fochuideachtaí, gan beann ar an sciar chomhréireach a úsáidtear.

Déanfar an chéad chuid den tuairisciú mar a leanas:

— Ní thuairisceofar mír “Ainm dlíthiúil an ghnóthais — C0010” ná “Cód aitheantais an ghnóthais — C0020”;

— Tuairisceofar mír ar mhír na comhaontuithe athcheannaigh agus na conarthaí um iasacht urrús arna sealbhú go díreach (i.e. nach bhfuil bunaithe ar chur chuige na trédhearcachta) ag gnóthais árachais agus athárachais nó cuideachtaí sealbhaíochta árachais nó cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha atá rannpháirteach;

— Tuairisceofar mír ar mhír na comhaontuithe athcheannaigh agus na conarthaí um iasacht urrús arna sealbhú go díreach (i.e. nach bhfuil bunaithe ar chur chuige na trédhearcachta) ag gnóthais arna gcomhdhlúthú i gcomhréir le hAirteagal 335, mír 1, (a), (b) agus (c) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35;

— Ní chuirfear ar áireamh na comhaontuithe athcheannaigh agus na conarthaí um iasacht urrús arna sealbhú ag gnóthais ghaolmhara eile.

Déanfar an dara cuid den tuairisciú mar a leanas:

— Tuairisceofar mír “Ainm dlíthiúil an ghnóthais — C0010” ná “Cód aitheantais an ghnóthais — C0020”;

— Tuairisceofar mír ar mhír na comhaontuithe athcheannaigh agus na conarthaí um iasacht urrús arna sealbhú go díreach (i.e. nach bhfuil bunaithe ar chur chuige na trédhearcachta) ag gnóthais árachais agus athárachais nó cuideachtaí sealbhaíochta árachais nó cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha atá rannpháirteach faoi mhodh 2;

— Tuairisceofar mír ar mhír na comhaontuithe athcheannaigh agus na conarthaí um iasacht urrús arna sealbhú go díreach (i.e. nach bhfuil bunaithe ar chur chuige na trédhearcachta) ag gnóthais árachais agus athárachais, cuideachtaí sealbhaíochta árachais, gnóthais seirbhísí coimhdeacha agus meán sainchuspóireach ar fochuideachtaí iad faoi mhodh 2 (An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, coibhéiseach lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus neamhchoibhéiseach lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch);

— Ní chuirfear ar áireamh na comhaontuithe athcheannaigh agus na conarthaí um iasacht urrús arna sealbhú ag gnóthais ghaolmhara eile faoi mhodh 2.

	ÍTIM	TREORACHA
C0010	Ainm dlíthiúil an ghnóthais	Sainaithin ainm dlíthiúil an ghnóthais faoi raon feidhme mhaoirseacht an ghrúpa a shealbhaíonn an comhaontú athcheannaigh agus iasacht urrús. Ní líonfar isteach an mhír seo ach amháin sa chás ina mbaineann sí leis na comhaontuithe athcheannaigh agus conarthaí um iasacht urrús arna sealbhú ag gnóthais rannpháirtíochta, cuideachtaí sealbhaíochta árachais nó cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha agus fochuideachtaí faoin modh asbhainte agus comhiomlánaithe.
C0020	Cód aitheantais an ghnóthais	Cód aitheantais de réir an oird tosaíochta seo: — Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI), éigeantach más ann dó; — Cód sonrach i gcás nach ann do chód LEI. Cód sonrach: — Maidir le gnóthais rialáilte sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch seachas gnóthas árachais agus athárachais faoi raon feidhme mhaoirseacht an ghrúpa: cód aitheantais a úsáidtear sa mhargadh áitiúil, sannta ag údarás maoirseachta inniúil an ghnóthais; — Maidir le gnóthais nach bhfuil sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus gnóthais neamhrialáilte faoi raon feidhme an ghrúpa, soláthróidh an grúpa an cód aitheantais. Agus cód aitheantais á leithdháileadh ar gach gnóthas nach bhfuil sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó gach gnóthas neamhrialáilte, ba cheart go gcloífeadh an grúpa leis an bhformáid a leanas ar bhealach comhsheasmhach: cód aitheantais an mháthairghnóthais + cód alfa-2 ISO 3166-1 thír an ghnóthais + 5 dhigit

	ÍTIM	TREORACHA
C0030	An cineál cóid atá ag aitheantas an ghnóthais	Cineál an chóid aitheantais a úsáidtear le haghaidh na míre “Cód aitheantais an ghnóthais”. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — LEI 2 — Cód sonrach
C0040	Punann	Idirdhealú idir saol, neamhshaol, cistí scairshealbhóirí, ginearálta (gan deighilt) agus cistí imfhálaithe. Sannfar sócmhainní foluiteacha d’fhorálacha teicniúla saoil don phunann saoil agus sannfar sócmhainní foluiteacha d’fhorálacha teicniúla neamhshaoil don phunann neamhshaoil (tríd an deighilt is beaichte atá ar fáil a chur i bhfeidhm). Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Saol 2 – Neamhshaol 3 — Cistí imfhálaithe 4 — Ciste inmheánach eile 5 — Cistí scairshealbhóirí 6 — Ginearálta Níl an deighilt éigeantach, mura gceanglaíonn an t-údarás maoirseachta náisiúnta a mhalairt, ach amháin chun cistí imfhálaithe a shainaithint, ach tuairisceofar í má úsáideann an gnóthas í go hinmheánach. Úsáidfear “ginearálta” i gcás nach gcuireann gnóthas deighilt i bhfeidhm. I gcás sócmhainní arna sealbhú lasmuigh den chlár comhardaithe ní dhéanfar tuairisciú ar an mír seo.
C0050	Uimhir chiste	Infheidhme maidir le sócmhainní arna sealbhú i gcistí imfhálaithe nó i gcistí inmheánacha eile, a shainítear de réir na margaí náisiúnta, go háirithe maidir le cistí (punanna sócmhainní) lena dtacaítear le táirgí árachas saoil. Uimhir nó cód arna sannadh nó arna shannadh ag an ngnóthas, a chomhfhreagraíonn don uimhir nó don chód uathúil a shanntar do gach chiste. Ní mór don uimhir nó don chód sin a bheith comhsheasmhach le himeacht ama agus úsáidfear é nó í chun na cistí céanna a shainaithint i dteimpléid eile (e.g. in S.06.02). Ní athúsáidfear le haghaidh ciste eile é nó í. Níl an uimhir chiste éigeantach, mura gceanglaíonn an t-údarás maoirseachta náisiúnta a mhalairt.
C0060	Catagóir sócmhainne	Sainaithin catagóirí sócmhainní na sócmhainne foluití a tugadh ar iasacht/soláthraíodh mar chuid d’idirbhearta iasachta urrús nó comhaontuithe athcheannaigh). Úsáid na catagóirí a shainmhínítear in Iarscríbhinn IV – Catagóirí Sócmhainní den Rialachán seo.

	ÍTIM	TREORACHA
C0070	Ainm an chontrapháirtí	Ainm chontrapháirtí an chonartha. Comhfhreagraíonn an mhír seo d'ainm an eintitis sa bhunachar sonraí LEI, nuair a bhíonn sí ar fáil. Nuair nach mbíonn fáil uirthi, comhfhreagraíonn sí don ainm dlíthiúil.
C0080	Cód contrapháirtí	Cód aitheantais an chontrapháirtí ag úsáid an Aitheantóra Eintitis Dhlítheanaigh (LEI), má tá sé ar fáil. Ní dhéanfar tuairisciú ar an mír seo mura bhfuil LEI ar fáil.
C0090	Cineál cóid contrapháirtí	An cód a úsáidtear don mhír "Cód Contrapháirtí" a shainaithint. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — LEI 9 — Dada
C0100	Catagóir sócmhainne an chontrapháirtí	Sainaithin an chatagóir sócmhainne is suntasaí a tugadh ar iasacht/a fuarthas mar chuid d'idirbhearta iasachta urrús nó comhaontuithe athcheannaigh. Úsáid na catagóirí sócmhainní a shainmhínítear in Iarscríbhinn IV – Catagóirí Sócmhainní den Rialachán seo.
C0110	Sócmhainn arna sealbhú i gconarthaí aonadnasctha agus innéacsnasctha	Sainaithin cibé acu atá nó nach bhfuil an tsócmhainn fholuiteach arna sainaithint in C0060 arna sealbhú le conarthaí aonadnasctha agus innéacsnasctha. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Aonadnasctha nó innéacsnasctha 2 — Gan a bheith aonadnasctha ná innéacsnasctha
C0120	Suíomh sa chonradh	Sainaithin cé acu ar ceannaitheoir nó díoltóir é an gnóthas sa chomhaontú athcheannaigh nó cé acu ar iasachtóir nó iasachtaí san iasacht urrús é. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – Ceannaitheoir i gcomhaontú athcheannaigh 2 – Díoltóir i gcomhaontú athcheannaigh 3 – Iasachtóir in iasacht urrús 4 – Iasachtaí in iasacht urrús
C0130	Méid túsmhalairte	Léiríonn na méideanna seo a leanas: — Ceannaitheoir i gcomhaontú athcheannaigh: an méid a fuarthas tráth tionscanta an chonartha — Díoltóir i gcomhaontú athcheannaigh: an méid a géilleadh tráth tionscanta an chonartha — Iasachtóir in iasacht urrús: an méid a fuarthas mar ráthaíocht tráth tionscanta an chonartha — Iasachtaí in iasacht urrús: méid nó margadhluach na n-urrús a fuarthas tráth tionscanta an chonartha

	ÍTIM	TREORACHA
C0140	Méid malairte deiridh	Níl an mhír seo infheidhme ach amháin maidir le comhaontuithe athcheannaigh agus léirítear na méideanna seo a leanas léi: — Ceannaitheoir i gcomhaontú athcheannaigh: an méid a géilleadh tráth aibíochta an chonartha — Díoltóir i gcomhaontú athcheannaigh: an méid a fuarthas tráth aibíochta an chonartha
C0150	Dáta tosaigh	Sainaithin cód ISO 8601 (bbbb–mm–ll) dháta tosaigh an chonartha. Tagraíonn dáta tosaigh an chonartha don dáta nuair a thagann oibleagáidí faoin gconradh i bhfeidhm.
C0160	Dáta aibíochta	Sainaithin cód ISO 8601 (bbbb–mm–ll) dháta deiridh an chonartha. Fiú má tá an conradh ar bhonn glao oscailte, bíonn dáta ann de ghnáth ina dtéann an conradh in éag. Sna cásanna sin ní mór an dáta sin a thuairisciú, mura ndéantar aon ghlao roimhe. Meastar go bhfuil comhaontú dúnta nuair a théann sé in aibíocht, nuair a dhéantar glao nó nuair a chuirtear an comhaontú ar ceal. I gcás conarthaí nach ngabhann dáta aibíochta sainithe leo tuairiscigh “9999–12–31”.
C0170	Luach Shócmhainneacht II	Níl an mhír seo infheidhme ach amháin maidir le conarthaí atá ar oscailte go fóill ar an dáta maidir le tuairisciú. Luach an chomhaontaithe athcheannaigh nó an chonartha iasachta urrús, ag leanúint rialacha Airteagal 75 de Threoir 2009/138/CE maidir le luacháil conarthaí. Is féidir leis an luach sin a bheith deimhneach, diúltach nó nialasach.

S.11.01 — Sócmhainní arna sealbhú mar chomhthaobhacht

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh grúpaí.

Déanfar tuairisciú ar an teimpléad seo ar bhonn bliantúil nuair is mó ná 10 % an cóimheas de luach na sócmhainní arna sealbhú mar chomhthaobhacht leis an gclár comhardaithe iomlán.

Maidir leis an linn sócmhainní lena gcuirtear an infheistíocht faoi urrús (e.g. an linn sócmhainní ar comhthaobhacht iad le haghaidh bannaí faoi chumhdach), ní thuairisceofar sa teimpléad seo iad. Tuairisceofar an chomhthaobhacht lena gcumhdaítear suimeanna infhaighte athárachais i dteimpléad S.11.01.

Tá liosta mír ar mhír sa teimpléad seo de shócmhainní atá lasmuigh den chlár comhardaithe arna sealbhú mar chomhthaobhacht chun an clár comhardaithe a chumhdach ag deireadh na tréimhse tuairiscithe. Meastar go bhfuil comhthaobhachtaí “arna sealbhú” nuair atá “ceart rochtana dírí ar an gcomhthaobhacht” ag na gnóthais atá áirithe sa raon feidhme ar a dtugtar tuairisc thíos nó ag ceann de na gnóthais atá mar chuid den ghrúpa, ionas go mbeidh an chomhthaobhacht tiomnaithe don eintiteas agus go bhfuil sí inaitheanta go haonarach.

Cuimsítear léi faisnéis mhionsonraithe ó pheirspictíocht na sócmhainní arna sealbhú mar chomhthaobhacht agus ní ó pheirspictíocht an chomhaontaithe comhthaobhachta.

Má tá linn comhthaobhachtaí nó socrú comhthaobhachta ann ina gcuimsítear sócmhainní iolracha, tuairisceofar an oiread rónna leis na sócmhainní sa linn nó sa socrú.

Tá dhá thábla sa teimpléad seo: Faisnéis maidir le suíomhanna a shealbhaítear agus Faisnéis maidir le sócmhainní.

Ar an tábla Faisnéis maidir le suíomhanna arna sealbhú, déanfar tuairisciú ar leithligh maidir le gach sócmhainn arna sealbhú mar chomhthaobhacht agus úsáidtear an oiread rónna agus is gá d'fhonn gach athróg a iarrtar sa tábla sin a líonadh isteach i gceart. Má tharlaíonn sé i gcás na sócmhainne céanna gur féidir dhá luach a chur i leith athraitheach amháin, ansin caithfear an tsócmhainn sin a thuairisciú i níos mó ná líne amháin. Tuairisceofar réadmhaoin arna sealbhú mar chomhthaobhacht de na morgáistí a bhaineann le daoine aonair in aon líne aonair amháin.

Ar an tábla Faisnéis maidir le sócmhainní, déanfar tuairisciú ar leithligh maidir le gach sócmhainn arna sealbhú mar chomhthaobhacht, agus beidh ró amháin ann le haghaidh gach sócmhainne, ag líonadh isteach na n-athróg uile arna n-iarraidh sa tábla sin.

Gach mír seachas na míreanna "Cineál sócmhainne dá sealbhaítear an chomhthaobhacht" (C0140), "Ainm an chontrapháirtí a gheallann an chomhthaobhacht" (C0060) agus "Ainm ghrúpa an chontrapháirtí a gheallann an chomhthaobhacht" (C0070), baineann siad le faisnéis maidir leis na sócmhainní arna sealbhú mar chomhthaobhacht. Baineann mír C0140 leis an tsócmhainn ar an gclár comhardaithe dá sealbhaítear an chomhthaobhacht agus baineann míreanna C0060 agus C0070 leis an gcontrapháirtí a gheallann an chomhthaobhacht.

Na catagóirí sócmhainní dá dtagraítear sa teimpléad seo, is iad na cinn a shainmhínítear in Iarscríbhinn IV — Catagóirí Sócmhainní den Rialachán seo agus is tagairt d'Iarscríbhinn VI — tábla CIC den Rialachán seo iad na tagairtí do chóid CIC.

Áirítear le teimpléad S.11.01 na sócmhainní lasmuigh den chlár comhardaithe arna sealbhú mar chomhthaobhacht lena gcumhdaítear sócmhainní ar an gclár comhardaithe arna sealbhú go díreach ag an ngnóthas agus tuairisceofar na méideanna sin freisin go deimhin in S.03.01 in C0020/R0100 go R0130.

Tá an teimpléad infheidhme maidir le modh 1 (an modh bunaithe ar chomhdhlúthú cuntasaíochta), modh 2 (modh asbhainte agus comhiomlánaithe) agus meascán de mhodhanna 1 agus 2.

I gcás ina n-úsáidtear modh 1 go heisiach, léireofar sa tuairisciú suíomh comhdhlúite na sócmhainní arna sealbhú mar chomhthaobhacht faoi raon feidhme mhaoirseacht an ghrúpa glan ar idirbhearta inghrúpa. Déanfar an tuairisciú mar a leanas:

— Ní thuairisceofar mír "Ainm dlíthiúil an ghnóthais — C0010" ná "Cód aitheantais an ghnóthais — C0020";

— Tuairisceofar mír ar mhír na sócmhainní arna sealbhú go díreach (i.e. nach bhfuil bunaithe ar chur chuige na trédhearcachta) mar chomhthaobhacht ag gnóthais árachais agus athárachais nó cuideachtaí sealbhaíochta árachais nó cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha atá rannpháirteach;

— Tuairisceofar mír ar mhír na sócmhainní arna sealbhú go díreach (i.e. nach bhfuil bunaithe ar chur chuige na trédhearcachta) mar chomhthaobhacht ag gnóthais arna gcomhdhlúthú i gcomhréir le hAirteagal 335, mír 1, (a), (b) agus (c) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35;

— Ní chuirfear ar áireamh na sócmhainní arna sealbhú mar chomhthaobhacht ag gnóthais ghaolmhara eile.

I gcás ina n-úsáidtear modh 2 go heisiach, áireofar leis an tuairisciú an liosta mionsonraithe de na sócmhainní arna sealbhú mar chomhthaobhacht ag na gnóthais rannpháirtíochta, na cuideachtaí sealbhaíochta árachais agus ag fochuideachtaí, gan beann ar an sciar chomhréireach a úsáidtear. Déanfar an tuairisciú mar a leanas:

— Tuairisceofar mír "Ainm dlíthiúil an ghnóthais — C0010" ná "Cód aitheantais an ghnóthais — C0020";

— Tuairisceofar mír ar mhír na sócmhainní arna sealbhú go díreach (i.e. nach bhfuil bunaithe ar chur chuige na trédhearcachta) mar chomhthaobhacht ag gnóthais árachais agus athárachais nó cuideachtaí sealbhaíochta árachais nó cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha atá rannpháirteach faoi mhodh 2;

— Tuairisceofar mír ar mhír de réir an ghnóthais na sócmhainní arna sealbhú go díreach (i.e. nach bhfuil bunaithe ar chur chuige na trédhearcachta) mar chomhthaobhacht ag gnóthais árachais agus athárachais, cuideachtaí sealbhaíochta árachais, gnóthais seirbhísí coimhdeacha agus meán sainchuspóireach ar fochuideachtaí iad (An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, coibhéiseach lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus neamhchoibhéiseach lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch);

— Ní chuirfear ar áireamh na sócmhainní arna sealbhú mar chomhthaobhacht ag gnóthais ghaolmhara eile.

I gcás ina n-úsáidtear meascán de mhodhanna 1 agus 2, léireofar i gcuid amháin den tuairisciú suíomh comhdhlúite na sócmhainní arna sealbhú mar chomhthaobhacht faoi raon feidhme mhaoirseacht an ghrúpa, glan ar idirbhearta inghrúpa, nach mór iad a thuairisciú agus cuirfear ar áireamh leis an gcuid eile den tuairisciú an liosta mionsonraithe de na sócmhainní arna sealbhú mar chomhthaobhacht ag na gnóthais rannpháirtíochta, cuideachtaí sealbhaíochta árachais nó cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha agus fochuideachtaí, gan beann ar an sciar chomhréireach a úsáidtear.

Déanfar an chéad chuid den tuairisciú mar a leanas:

— Ní thuairisceofar mír "Ainm dlíthiúil an ghnóthais — C0010" ná "Cód aitheantais an ghnóthais — C0020";

— Tuairisceofar mír ar mhír na sócmhainní arna sealbhú go díreach (i.e. nach bhfuil bunaithe ar chur chuige na trédhearcachta) mar chomhthaobhacht ag gnóthais árachais agus athárachais nó cuideachtaí sealbhaíochta árachais nó cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha atá rannpháirteach;

— Tuairisceofar mír ar mhír na sócmhainní arna sealbhú go díreach (i.e. nach bhfuil bunaithe ar chur chuige na trédhearcachta) mar chomhthaobhacht ag gnóthais arna gcomhdhlúthú i gcomhréir le hAirteagal 335, mír 1, (a), (b) agus (c) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35;

— Ní chuirfear ar áireamh na sócmhainní arna sealbhú mar chomhthaobhacht ag gnóthais ghaolmhara eile.

Déanfar an dara cuid den tuairisciú mar a leanas:

— Tuairisceofar mír "Ainm dlíthiúil an ghnóthais — C0010" ná "Cód aitheantais an ghnóthais — C0020";

— Tuairisceofar mír ar mhír na sócmhainní arna sealbhú go díreach (i.e. nach bhfuil bunaithe ar chur chuige na trédhearcachta) mar chomhthaobhacht ag gnóthais árachais agus athárachais nó cuideachtaí sealbhaíochta árachais nó cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha atá rannpháirteach;

— Tuairisceofar mír ar mhír de réir an ghnóthais na sócmhainní arna sealbhú go díreach (i.e. nach bhfuil bunaithe ar chur chuige na trédhearcachta) mar chomhthaobhacht ag gnóthais árachais agus athárachais, cuideachtaí sealbhaíochta árachais, gnóthais seirbhísí coimhdeacha agus meán sainchuspóireach ar fochuideachtaí iad faoi mhodh 2 (An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, coibhéiseach lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus neamhchoibhéiseach lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch);

— Ní chuirfear ar áireamh na sócmhainní arna sealbhú mar chomhthaobhacht ag gnóthais ghaolmhara eile faoi mhodh 2.

	ÍTIM	TREORACHA
Faisnéis maidir le suíomhanna a shealbhaítear		
C0010	Ainm dlíthiúil an ghnóthais	Sainaithin ainm dlíthiúil an ghnóthais faoi raon feidhme mhaoirseacht an ghrúpa a shealbhaíonn an tsócmhainn mar chomhthaobhacht. Ní líonfar isteach an mhír seo ach amháin sa chás ina mbaineann sí le sócmhainní arna sealbhú mar chomhthaobhacht ag gnóthais rannpháirtíochta, cuideachtaí sealbhaíochta árachais, cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha agus fochuideachtaí faoin modh asbhainte agus comhiomlánaithe.

	ÍTIM	TREORACHA
C0020	Cód aitheantais an ghnóthais	Cód aitheantais de réir an oird tosaíochta seo: — Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI), éigeantach más ann dó; — Cód sonrach i gcás nach ann do chód LEI. Cód sonrach: — Maidir le gnóthais rialáilte sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch seachas gnóthas árachais agus athárachais faoi raon feidhme mhaoirseacht an ghrúpa: cód aitheantais a úsáidtear sa mhargadh áitiúil, sannta ag údarás maoirseachta inniúil an ghnóthais; — Maidir le gnóthais nach bhfuil sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus gnóthais neamhrialáilte faoi raon feidhme an ghrúpa, soláthróidh an grúpa an cód aitheantais. Agus cód aitheantais á leithdháileadh ar gach gnóthas nach bhfuil sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó gach gnóthas neamhrialáilte, ba cheart go gcloífeadh an grúpa leis an bhformáid a leanas ar bhealach comhsheasmhach: cód aitheantais an mháthairghnóthais + cód alfa-2 ISO 3166-1 thír an ghnóthais + 5 dhigit
C0030	An cineál cóid atá ag aitheantas an ghnóthais	Cineál an chóid aitheantais a úsáidtear le haghaidh na míre “Cód aitheantais an ghnóthais”. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — LEI 2 — Cód sonrach
C0040	Cód Aitheantais Sócmhainne	Cód aitheantais Sócmhainne ag úsáid na tosaíochta seo a leanas: — Cód ISO 6166 de chuid ISIN nuair a bhíonn sé ar fáil — Cóid aitheanta eile (e.g.: CUSIP, Bloomberg Ticker, Reuters RIC) — Cód atá sannta ag an ngnóthas, nuair nach mbíonn na roghanna thuasluaite ar fáil, agus ní mór dó a bheith comhsheasmhach le himeacht ama Nuair is gá an cód aitheantais Sócmhainne céanna a thuairisciú maidir le sócmhainn amháin a eisítear in dhá airgeadra dhifriúla nó níos mó, is gá an cód aitheantais Sócmhainne agus cód aibítre ISO 4217 an airgeadra a shonrú, mar atá sa sampla seo a leanas: “cód + EUR”
C0050	Cineál Cóid Aitheantais Sócmhainne	Cineál Cóid Aitheantais a úsáidtear don mhír “Cód Aitheantais Sócmhainne”. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — ISO/6166 le haghaidh ISIN 2 – CUSIP (uimhir an Choiste um Nósanna Imeachta Uilíocha um Shainaithint Urrús sannta ag Biúró Seirbhíse CUSIP do chuideachtaí ó na Stáit Aontaithe agus ó Cheanada) 3 — SEDOL (Liosta Oifigiúil Laethúil an Stocmhalartáin le haghaidh Stocmhalartán Londain) 4 — WKN (Wertpapier Kenn-Nummer, an uimhir aitheantais alfa-uimhriúil sa Ghearmáin)

	ÍTIM	TREORACHA
		5 — Bloomberg Ticker (cód litreacha Bloomberg lena sainaithnítear urrúis cuideachta) 6 — BBGID (Aitheantas Domhanda Bloomberg) 7 — Reuters RIC (Cód ionstraime Reuters) 8 — FIGI (Aitheantóir Domhanda Ionstraime Airgeadais) 9 — Cód eile le comhaltaí Chumann na nGníomhaireachtaí Náisiúnta um Shannadh Uimhreacha 99 — Cód sannta ag an ngnóthas Nuair is gá an Cód Aitheantais Sócmhainne céanna a thuairisciú maidir le sócmhainn amháin a eisítear in 2 airgeadra dhifriúla nó níos mó agus sainmhínítear an cód in C0040 leis an gCód Aitheantais Sócmhainne agus cód aibítre ISO 4217 an airgeadra, tagróidh an Cineál Cóid Aitheantais Sócmhainne do rogha 99 agus do rogha an Chóid Aitheantais Sócmhainne bunaidh, mar atá sa sampla seo a leanas arbh é cód ISIN + airgeadra an cód a tuairiscíodh ina leith: "99/1".
C0060	Ainm an chontrapháirtí a gheallann an chomhthaobhacht	Ainm an chontrapháirtí atá ag gealladh na comhthaobhachta. Comhfhreagraíonn an mhír seo d'ainm an eintitis sa bhunachar sonraí LEI, nuair a bhíonn sí ar fáil. Nuair nach mbíonn fáil uirthi, comhfhreagraíonn sí don ainm dlíthiúil. Nuair is iasachtaí ar pholasaithe na sócmhainní ar an gclár comhardaithe dá bhfuil an chomhthaobhacht arna sealbhú, tuairisceofar "Sealbhóir polasaí".
C0070	Ainm ghrúpa an chontrapháirtí a gheallann an chomhthaobhacht	Sainaithin grúpa eacnamaíoch an chontrapháirtí a gheallann an chomhthaobhacht. Comhfhreagraíonn an mhír seo d'ainm an eintitis sa bhunachar sonraí LEI, nuair a bhíonn sí ar fáil. Nuair nach mbíonn fáil uirthi, comhfhreagraíonn sí don ainm dlíthiúil. Níl an mhír seo infheidhme nuair is iasachtaí ar pholasaithe iad na sócmhainní ar an gclár comhardaithe dá bhfuil an chomhthaobhacht á sealbhú.
C0080	Tír chumhdaigh	Cód ISO 3166-1 alfa-2 na tíre ina bhfuil sócmhainní an ghnóthais á gcumhdach. Maidir leis na hinstitiúidí taisclainne idirnáisiúnta a shainaithint, mar shampla Euroclear, is í an tír chumhdaigh an tír inar sainíodh an tseirbhís chumhdaigh ar bhonn conartha. I gcás ina gcumhdaítear an tsócmhainn chéanna i níos mó ná tír amháin, déanfar tuairisciú ar leithligh ar gach sócmhainn agus úsáidfear an oiread rónna agus is gá ionas go mbeifear in ann gach tír chumhdaigh a shainaithint i gceart. Níl an mhír seo infheidhme maidir le comhthaobhacht le catagóir CIC 8 — Morgáistí agus Iasachtaí, CIC 71, CIC 75 ná maidir le CIC 95 – Gléasra agus trealamh. Maidir le Catagóir CIC 9, cé is moite de CIC 95 — Gléasra agus trealamh (dá úsáid féin), déantar measúnú ar an tír eisitheora de réir sheoladh na maoine.

	ÍTIM	TREORACHA
C0090	Cainníocht	An líon sócmhainní, maidir le gach sócmhainn más ábhartha. Ní dhéanfar tuairisciú ar an mír sin má thuairiscítear mír Mhéid ar par (C0100).
C0100	Méid ar par	An tsuim gan íoc arna tomhas ag an méid ar par, i gcás na sócmhainní uile ina bhfuil an mhír sin ábhartha, agus ag a méid ainmniúil i gcás CIC = 72, 73, 74, 75, 79 agus 8. Níl an mhír seo infheidhme maidir le catagóir CIC 71 agus 9. Ní dhéanfar tuairisciú ar an mír sin má thuairiscítear an mhír Cainníocht (C0090).
C0110	Modh luachála	Sainaithin an modh luachála agus sócmhainní á luacháil. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — margadhphraghas luaite i margaí gníomhacha le haghaidh na sócmhainní céanna 2 — margadhphraghas luaite i margaí gníomhacha le haghaidh sócmhainní comhchosúla 3 — modhanna luachála comhroghnacha: 4 — modhanna coigeartaithe an chothromais (infheidhme maidir le luacháil rannpháirtíochtaí) 5 — modhanna cothromais IFRS (infheidhme maidir le luacháil rannpháirtíochtaí) 6 — Luacháil margaidh de réir Airteagal 9(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35
C0120	Méid iomlán	Luach a ríomhtar mar a shainítear le hAirteagal 75 de Threoir 2009/138/CE, a chomhfhreagraíonn do na nithe seo a leanas: — "Méid ar par" (an phríomhshuim gan íoc arna tomhas de réir mhéid ar par nó méid ainmniúil) a iolrú faoi "Céatadán aonaid de phraghas mhéid ar par Shócmhainneacht II" móide "Ús fabhraithe", i gcás sócmhainní inarb ábhartha an chéad dá mhír; — "Cainníocht" a iolrú faoi "Praghas aonaid Shócmhainneacht II", i gcás sócmhainní inarb ábhartha an dá mhír sin; — Luach Shócmhainneacht II na sócmhainne i gcás sócmhainní ar féidir iad a aicmiú faoi chatagóirí 71 agus 9.
C0130	Ús fabhraithe	An méid úis fhabhraithe tar éis an dáta deiridh cúpóin d'urrúis úsmhara a chainníochtú. Tugtar faoi deara go bhfuil an luach seo ina chuid den mhír "Méid iomlán" freisin.

	ÍTIM	TREORACHA
C0140	Luach sócmhainne dá sealbhaítear an chomhthaobhacht	Sainaithin an cineál sócmhainne dá sealbhaítear an chomhthaobhacht. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Bannaí rialtais 2 — Bannaí corparáide 3 — Cothromais 4 — Gnóthais Chomhinfheistíochta 5 — Nótaí struchtúrtha 6 — Urrúis chomhthaobhaithe 7 — Airgead agus taiscí 8 — Morgáistí agus iasachtaí 9 — Maoine 0 — Infheistíochtaí eile (lena n-áirítear infháltais) X – Díorthaigh E.g. rogha "0 — Infheistíochtaí eile" a roghnófar le haghaidh na comhthaobhachta lena gcumhdaítear suimeanna infhaighte athárachais

	ÍTIM	TREORACHA
Faisnéis maidir le sócmhainní		
C0040	Cód Aitheantais Sócmhainne	Cód aitheantais Sócmhainne ag úsáid na tosaíochta seo a leanas: — Cód ISO 6166 de chuid ISIN nuair a bhíonn sé ar fáil — Cóid aitheanta eile (e.g.: CUSIP, Bloomberg Ticker, Reuters RIC) — Cód atá sannta ag an ngnóthas, nuair nach mbíonn na roghanna thuasluaite ar fáil, agus ní mór dó a bheith comhsheasmhach le himeacht ama Nuair is gá an cód aitheantais Sócmhainne céanna a thuairisciú maidir le sócmhainn amháin a eisítear in dhá airgeadra dhifriúla nó níos mó, is gá an cód aitheantais Sócmhainne agus cód aibítre ISO 4217 an airgeadra a shonrú, mar atá sa sampla seo a leanas: "cód+EUR"
C0050	Cineál Cóid Aitheantais Sócmhainne	Cineál Cóid Aitheantais a úsáidtear don mhír "Cód Aitheantais Sócmhainne". Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — ISO/6166 le haghaidh ISIN 2 – CUSIP (uimhir an Choiste um Nósanna Imeachta Uilíocha um Shainaithint Urrús sannta ag Biúró Seirbhíse CUSIP do chuideachtaí ó na Stáit Aontaithe agus ó Cheanada) 3 — SEDOL (Liosta Oifigiúil Laethúil an Stocmhalartáin le haghaidh Stocmhalartán Londain) 4 — WKN (Wertpapier Kenn-Nummer, an uimhir aitheantais alfa-uimhriúil sa Ghearmáin)

	ÍTIM	TREORACHA
		5 — Bloomberg Ticker (cód litreacha Bloomberg lena sainaithnítear urrúis cuideachta) 6 — BBGID (Aitheantas Domhanda Bloomberg) 7 — Reuters RIC (Cód ionstraime Reuters) 8 — FIGI (Aitheantóir Domhanda Ionstraime Airgeadais) 9 — Cód eile le comhaltaí Chumann na nGníomhaireachtaí Náisiúnta um Shannadh Uimhreacha 99 — Cód sannta ag an ngnóthas Nuair is gá an Cód Aitheantais Sócmhainne céanna a thuairisciú maidir le sócmhainn amháin a eisítear in 2 airgeadra dhifriúla nó níos mó agus sainmhínítear an cód in C0040 leis an gCód Aitheantais Sócmhainne agus cód aibítre ISO 4217 an airgeadra, tagróidh an Cineál Cóid Aitheantais Sócmhainne do rogha 99 agus do rogha an Chóid Aitheantais Sócmhainne bunaidh, mar atá sa sampla seo a leanas arbh é cód ISIN + airgeadra an cód a tuairiscíodh ina leith: "99/1".
C0150	Teideal na Míre	Sainaithin an mhír arna tuairisciú ach ainm na sócmhainne (nó an seoladh i gcás maoine), mar aon leis an mionsonra arna réiteach ag an ngnóthas. Breithneofar na nithe seo a leanas: — Maidir le catagóir CIC 8 – Morgáistí agus Iasachtaí, i gcás ina mbaineann sé le morgáiste agus iasachtaí le daoine nádúrtha, beidh sa mhír seo "Iasachtaí do chomhaltaí AMSB" nó "Iasachtaí le daoine nádúrtha eile", de réir a gcineáil, mar ní gá na sócmhainní sin a indibhidiúlú. Iasachtaí le daoine seachas daoine nádúrtha, tuairisceofar iad líne ar líne. — Níl an mhír seo infheidhme maidir le CIC 95 — Gléasra agus trealamh (dá úsáid féin) mar ní gá na sócmhainní sin a indibhidiúlú, CIC 71 agus CIC 75. — Nuair a chuimsítear polasaithe árachais (maidir le hiasachtaí arna gcomhthaobhú le polasaithe árachais) leis an gcomhthaobhacht ní gá na polasaithe sin a indibhidiúlú agus níl an mhír sin infheidhme. — Maidir le maoin, tuairisceofar cód tíre ISO alfa-2 + cód poist + cathair + ainm sráide + uimhir shráide) na maoine arna sealbhú nó an domhanleithead agus an domhanfhad nó réigiún CRESTA/NUTS na hinfheistíochta maoine: teorainneacha riaracháin (e.g. teorainneacha cúige nó contae, e.g. leibhéal NUTS3) nó limistéir cóid poist chumaiscthe (e.g. an chéad dá dhigit de limistéir cóid poist, mar shampla criosanna réitigh ísil CRESTA 2019[2]).
C0160	Ainm an Eisitheora	Ainm an eisitheora, sainithe mar an t-eintiteas a eisíonn sócmhainní d'infheisteoirí, ag léiriú cuid dá chaipiteal, cuid dá fhiachas, díorthaigh, etc. Comhfhreagraíonn an mhír seo d'ainm an eintitis sa bhunachar sonraí LEI, nuair a bhíonn sí ar fáil. Nuair nach mbíonn fáil uirthi, comhfhreagraíonn sí don ainm dlíthiúil. Breithneofar na nithe seo a leanas: — Maidir le catagóir CIC 4 — Gnóthais Chomhinfheistíochta, is ionann ainm an eisitheora agus ainm an bhainisteora cistí;

	ÍTIM	TREORACHA
		— Maidir le catagóir CIC 7 — Airgead tirim agus taiscí (cé is moite de CIC 71 agus CIC 75), is ionann ainm an eisitheora agus ainm an eintitis taiscí — Maidir le catagóir CIC 8 – Morgáistí agus Iasachtaí, i gcás ina mbaineann sé le morgáiste agus iasachtaí le daoine nádúrtha, beidh sa mhír seo "Iasachtaí le comhaltaí AMSB" nó "Iasachtaí le daoine nádúrtha eile", de réir a gcineáil, mar ní gá na sócmhainní sin a indibhidiúlú; — Maidir le CIC 8 — Morgáistí agus Iasachtaí, seachas morgáistí agus iasachtaí le daoine nádúrtha bainfidh an fhaisnéis leis an iasachtaí; Níl an mhír seo infheidhme maidir le CIC 71, CIC 75 agus catagóir CIC 9 — Maoin.
C0170	Cód an Eisitheora	Cód aitheantais an chóid eisitheora ag úsáid an LEI má tá sé ar fáil. Breithneofar na nithe seo a leanas: — Maidir le catagóir CIC 4 — Gnóthais Chomhinfheistíochta, is ionann cód an eisitheora agus cód an bhainisteora cistí; — Maidir le catagóir CIC 7 — Airgead tirim agus taiscí (cé is moite de CIC 71 agus CIC 75), is ionann cód an eisitheora agus cód an eintitis taiscí — Maidir le catagóir CIC 8 — Morgáistí agus Iasachtaí, seachas morgáistí agus iasachtaí le daoine nádúrtha bainfidh an fhaisnéis leis an iasachtaí; — Níl an mhír seo infheidhme maidir le CIC 71, CIC 75 agus catagóir CIC 9 — Maoin; Níl an mhír seo infheidhme maidir le catagóir CIC 8 — Morgáistí agus Iasachtaí, nuair a bhaineann siad le morgáiste agus iasachtaí le daoine nádúrtha.
C0180	Cineál cóid eisitheora	An cód a úsáidtear don mhír "Cód an Eisitheora" a shainaithint. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — LEI 9 — Dada Níl an mhír seo infheidhme maidir le catagóir CIC 8 — Morgáistí agus Iasachtaí, nuair a bhaineann siad le morgáiste agus iasachtaí le daoine nádúrtha. Níl an mhír seo infheidhme maidir le CIC 71, CIC 75 agus catagóir CIC 9 — Maoin.
C0190	Earnáil an Eisitheora	Sainaithin earnáil eacnamaíoch an eisitheora bunaithe ar an leagan is déanaí den chód NACE (mar a fhoilsítear i Rialachán CE). Maidir le ranna NACE A go N, is gá ceithre dhigit iomlána chód NACE a thuairisciú, i.e. an litir lena sainaithnítear an Roinn agus an cód 4 dhigit don aicme ina diaidh (e.g. "K6411"). Maidir lena na ranna eile, úsáidfear an tagairt litreach den chód NACE lena sainaithnítear an Roinn mar íosmhéid chun earnálacha a shainaithint (e.g. bheadh "P" nó "P8501" inghlactha)

	ÍTIM	TREORACHA
		Breithneofar na nithe seo a leanas: — Maidir le catagóir CIC 4 — Gnóthais Chomhinfheistíochta, is ionann earnáil an eisitheora agus earnáil an bhainisteora cistí; — Maidir le catagóir CIC 7 — Airgead tirim agus taiscí (cé is moite de CIC 71 agus CIC 75), is ionann earnáil an eisitheora agus earnáil an eintitis taiscí — Maidir le catagóir CIC 8 — Morgáistí agus Iasachtaí, seachas morgáistí agus iasachtaí le daoine nádúrtha bainfidh an fhaisnéis leis an iasachtaí; — Níl an mhír seo infheidhme maidir le CIC 71, CIC 75, CIC 09 agus catagóir CIC 9 — Maoin; — Níl an mhír seo infheidhme maidir le catagóir CIC 8 — Morgáistí agus Iasachtaí, nuair a bhaineann siad le morgáiste agus iasachtaí le daoine nádúrtha.
C0200	Ainm an Ghrúpa Eisitheoirí	Ainm mháthaireintiteas deiridh an eisitheora. Comhfhreagraíonn an mhír seo d'ainm an eintitis sa bhunachar sonraí LEI, nuair a bhíonn sí ar fáil. Nuair nach mbíonn fáil uirthi, comhfhreagraíonn sí don ainm dlíthiúil. Breithneofar na nithe seo a leanas: — Maidir le catagóir CIC 4 — Gnóthais Chomhinfheistíochta, baineann an caidreamh grúpa leis an mbainisteoir cistí; — Maidir le catagóir CIC 7 — Airgead tirim agus taiscí (cé is moite de CIC 71 agus CIC 75), is ionann an caidreamh grúpa agus an t-eintiteas taiscí — Maidir le catagóir CIC 8 — Morgáistí agus Iasachtaí, seachas morgáistí agus iasachtaí le daoine nádúrtha baineann an caidreamh grúpa leis an iasachtaí; — Níl an mhír seo infheidhme maidir le catagóir CIC 8 – Morgáistí agus Iasachtaí, i gcás morgáistí agus iasachtaí le daoine nádúrtha) Níl an mhír seo infheidhme maidir le CIC 71, CIC 75 agus catagóir CIC 9 — Maoin.
C0210	Cód an Ghrúpa Eisitheoirí	Cód aitheantais an ghrúpa eisitheoirí ag úsáid an LEI má tá sé ar fáil. Ní dhéanfar tuairisciú ar an mír seo mura bhfuil LEI ar fáil. Breithneofar na nithe seo a leanas: — Maidir le catagóir CIC 4 — Gnóthais Chomhinfheistíochta, baineann an caidreamh grúpa leis an mbainisteoir cistí; — Maidir le catagóir CIC 7 — Airgead tirim agus taiscí (cé is moite de CIC 71 agus CIC 75), is ionann an caidreamh grúpa agus an t-eintiteas taiscí

	ÍTIM	TREORACHA
		— Maidir le CIC 8 — Morgáistí agus Iasachtaí, seachas morgáistí agus iasachtaí le daoine nádúrtha baineann an caidreamh grúpa leis an iasachtaí; — Níl an mhír seo infheidhme maidir le catagóir CIC 8 – Morgáistí agus Iasachtaí, i gcás morgáistí agus iasachtaí le daoine nádúrtha) Níl an mhír seo infheidhme maidir le CIC 71, CIC 75 agus catagóir CIC 9 — Maoin.
C0220	Cineál chód an ghrúpa eisitheoirí	An cód a úsáidtear don mhír "Cód an Ghrúpa Eisitheoirí" a shainaithint. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — LEI 9 — Dada Níl an mhír seo infheidhme maidir le catagóir CIC 8 — Morgáistí agus Iasachtaí, nuair a bhaineann siad le morgáiste agus iasachtaí le daoine nádúrtha. Níl an mhír seo infheidhme maidir le CIC 71, CIC 75 agus catagóir CIC 9 — Maoin.
C0230	Tír is Eisitheoir	Cód ISO 3166-1 alfa-2 thír logánaithe an eisitheora. Déantar measúnú ar logánú an eisitheora de réir sheoladh an eintitis a eisíonn an tsócmhainn. Breithneofar na nithe seo a leanas: — Maidir le catagóir CIC 4 — Gnóthais Chomhinfheistíochta, is ionann tír an eisitheora agus tír is ábhartha don bhainisteoir cistí; — Maidir le catagóir CIC 7 — Airgead tirim agus taiscí (cé is moite de CIC 71 agus CIC 75), is ionann tír an eisitheora agus tír an eintitis taiscí — Maidir le catagóir CIC 8 — Morgáistí agus Iasachtaí, seachas CIC 87 agus CIC 88 bainfidh an fhaisnéis leis an iasachtaí; — Níl an mhír seo infheidhme maidir le CIC 71, CIC 75, CIC 09 agus catagóir CIC 9 — Maoin; Úsáidfear ceann de na roghanna: — Cód ISO 3166-1 alpha-2 — XA: Eisitheoirí fornáisiúnta — An tAontas: Institiúidí den Aontas Eorpach
C0240	Airgeadra	Sainaithin cód aibítre ISO 4217 airgeadra na heisiúna. Breithneofar na nithe seo a leanas:

	ÍTIM	TREORACHA
		— Níl an mhír seo infheidhme maidir le catagóir CIC 8 – Morgáistí agus Iasachtaí (i gcás morgáistí agus iasachtaí le daoine nádúrtha, mar ní gá na sócmhainní sin a indibhidiúlú), CIC 75 agus maidir le CIC 95 — Gléasra agus trealamh (dá úsáid féin) ar an gcúis chéanna. — Maidir le Catagóir CIC 9, cé is moite de CIC 95 — Gléasra agus trealamh (dá úsáid féin), comhfhreagraíonn an t-airgeadra don airgeadra ina ndearnadh an infheistíocht.
C0250	CIC	Cód Aitheantais Comhlántach a úsáidtear chun sócmhainní a aicmiú, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn VI — Tábla CIC den Rialachán seo. Agus sócmhainn á haicmiú leis an tábla CIC, cuirfidh gnóthais san áireamh an riosca is ionadaíche dá nochtar an tsócmhainn.
C0260	Praghas aonaid	Praghas aonaid na sócmhainne, más ábhartha. Ní thuairisceofar an mhír seo má thuairiscítear mír Céatadán aonaid de phraghas mhéid ar par Shócmhainneacht II (C0270).
C0270	Céatadán aonaid de phraghas mhéid ar par Shócmhainneacht II	Méid i gcéatadán parluacha, praghas glan gan ús fabhraithe, le haghaidh na sócmhainne, más ábhartha. Tuairisceofar an mhír seo má soláthraíodh faisnéis "méid ar par" (C0100) sa chéad chuid den teimpléad ("Faisnéis maidir le suíomhanna arna sealbhú") ach amháin maidir le catagóir CIC 71 agus 9. Ní thuairisceofar an mhír seo má thuairiscítear mír Praghas aonaid Shócmhainneacht II (C0260).
C0280	Dáta aibíochta	Infheidhme maidir le catagóirí CIC 1, 2, 5, 6 agus 8, agus CIC 74 agus CIC 79 amháin. Sainaithin cód ISO 8601 (bbbb–mm–ll) an dáta aibíochta. Comhfhreagraíonn don dáta aibíochta i gcónaí, fiú i gcás urrúis inghlaoite. Breithneofar na nithe seo a leanas: — Le haghaidh urrús buan úsáid "9999-12-31" — Maidir le catagóir CIC 8, maidir le hiasachtaí agus morgáistí le daoine aonair, tá an aibíocht iarmhair ualaithe (bunaithe ar mhéid na hiasachta) le tuairisciú.

S.22.01 — Tionchar na mbeart agus na n-idirthréimhsí ráthaíochtaí fadtéarmacha

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh grúpaí.

Tá an teimpléad seo ábhartha i gcás ina mbaineann aon ghnóthas a thagann faoi raon feidhme maoirseachta grúpa úsáid as aon bheart ráthaíochta fadtéarmach amháin nó aon bheart idirthréimhseach ráthaíochta fadtéarmach amháin, ar a laghad.

Léireoidh an teimpléad seo an tionchar a bhíonn ar na staideanna airgeadais i gcás nach n-úsáidtear aon bheart idirthréimhseach agus i gcás ina socraítear gach beart nó beart idirthréimhseach LTG ag nialas. Chun na críche sin, ba cheart cur chuige céim ar chéim a leanúint ag tógáil amach gach beart idirthréimhseach agus gach beart LTG ceann ar cheann agus gan tionchar na mbeart a bheidh fágtha a athríomh tar éis gach céime. Toisc gur féidir laistigh de ghrúpa an dá chineál beart idirthréimhseach a chur i bhfeidhm leantar cur chuige carnach céim ar chéim sa teimpléad.

Ní mór na tionchair a thuairisciú go deimhneach má mhéadaítear leo méid na míre atá á tuairisciú agus ní mór iad a thuairisciú go diúltach má laghdaítear leo méid na míre (e.g. má mhéadaítear an méid SCR nó má mhéadaítear méid na gCistí Dílse ansin tuairisceofar luachanna deimhneacha).

Beidh na méideanna a thuairisceofar sa teimpléad seo glan ó Idirbhearta Inghrúpa.

	ÍTIM	TREORACHA
C0010/R0010	Méid in éineacht le bearta agus bearta idirthréimhseacha LTG– Forálacha Teicniúla	Méid iomlán na bhforálacha teicniúla comhlána lena n-áirítear na bearta ráthaíochta fadtéarmacha agus na bearta idirthréimhseacha
C0020/R0010	Gan beart idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla – Forálacha teicniúla	Méid iomlán na bhforálacha teicniúla comhlána gan an coigeartú i ngeall ar an asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla, ach ag coinneáil coigeartuithe i ngeall ar an gcoigeartú luaineachta agus an coigeartú meaitseála. Mura bhfuil an asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla infheidhme tuairiscigh an méid céanna mar atá in C0010.
C0030/R0010	Tionchar an bhirt idirthréimhsigh ar fhorálacha teicniúla – Forálacha teicniúla	Méid an choigeartaithe ar na forálacha teicniúla comhlána i ngeall ar chur i bhfeidhm na hasbhainte idirthréimhsí ar fhorálacha teicniúla. Is éard a bheidh ann an difríocht idir na forálacha teicniúla gan asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla agus na forálacha teicniúla le LTG agus le bearta idirthréimhseacha.
C0040/R0010	Gan beart idirthréimhseach ar ráta úis – Forálacha teicniúla	Méid iomlán na bhforálacha teicniúla comhlána gan an coigeartú i ngeall ar an gcoigeartú idirthréimhseach ar struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca, ach ag coinneáil coigeartuithe i ngeall ar an gcoigeartú luaineachta agus an coigeartú meaitseála. Mura bhfuil an coigeartú idirthréimhseach ar struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca infheidhme tuairiscigh an méid céanna mar atá in C0020.
C0050/R0010	Tionchar an bhirt idirthréimhsigh ar ráta úis – Forálacha teicniúla	Méid an choigeartaithe ar na forálacha teicniúla comhlána i ngeall ar chur i bhfeidhm an choigeartaithe idirthréimhsigh ar struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca. Is éard a bheidh ann an difríocht idir na forálacha teicniúla gan coigeartú idirthréimhseach ar struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca agus na forálacha teicniúla le LTG agus bearta idirthréimhseacha.

	ÍTIM	TREORACHA
C0060/R0010	Gan coigeartú luaineachta agus gan bearta idirthréimhseacha eile – Forálacha Teicniúla	Méid iomlán na bhforálacha teicniúla comhlána gan na coigeartuithe i ngeall ar an asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla, an coigeartú idirthréimhseach ar struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca agus an coigeartú luaineachta, ach ag coinneáil coigeartuithe i ngeall ar an gcoigeartú meaitseála, más ann dó. Mura bhfuil coigeartú luaineachta infheidhme tuairiscigh an méid céanna mar atá in C0040.
C0070/R0010	Tionchar an choigeartaithe luaineachta arna shocrú ag nialas – Forálacha teicniúla	Méid an choigeartaithe ar na forálacha teicniúla comhlána i ngeall ar chur i bhfeidhm an choigeartaithe luaineachta. Léireoidh sé an tionchar a bhaineann leis an gcoigeartú luaineachta a shocrú ag nialas. Is éard a bheidh ann an difríocht idir na forálacha teicniúla gan coigeartú luaineachta agus gan bearta idirthréimhseacha eile, agus an t-uasmhéid idir na forálacha teicniúla a thuairiscítear faoi C0010, C0020 agus C0040.
C0080/R0010	Gan coigeartú meaitseála agus gan na cinn eile ar fad – Forálacha Teicniúla	Méid iomlán na bhforálacha teicniúla comhlána gan aon bheart LTG. Mura bhfuil coigeartú meaitseála infheidhme tuairiscigh an méid céanna mar atá in C0060.
C0090/R0010	Tionchar an choigeartaithe meaitseála arna shocrú ag nialas – Forálacha teicniúla	Méid an choigeartaithe ar na forálacha teicniúla comhlána i ngeall ar chur i bhfeidhm an choigeartaithe meaitseála. Áireofar leis an tionchar a bhaineann leis an gcoigeartú luaineachta a shocrú mar aon leis an gcoigeartú meaitseála a shocrú ag nialas. Is éard a bheidh ann an difríocht idir na forálacha teicniúla gan coigeartú meaitseála agus gan na bearta idirthréimhseacha uile eile agus an t-uasmhéid idir na forálacha teicniúla a thuairiscítear faoi C0010, C0020, C0040 agus C0060.
C0100/R0010	Tionchar na mbeart agus na mbeart idirthréimhseach LTG uile — Forálacha Teicniúla	Méid an choigeartaithe ar na forálacha teicniúla comhlána i ngeall ar chur i bhfeidhm na mbeart agus na mbeart idirthréimhseach LTG.
C0010/R0020	Méid in éineacht le bearta agus bearta idirthréimhseacha LTG– Bunchistí dílse	Méid iomlán bunchistí dílse arna ríomh agus na forálacha teicniúla á mbreithniú lena n-áirítear na coigeartuithe i ngeall ar na bearta ráthaíochta fadtéarmacha agus na bearta idirthréimhseacha.
C0020/R0020	Gan beart idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla – Bunchistí dílse	Méid iomlán na mbunchistí dílse arna ríomh agus forálacha teicniúla á mbreithniú gan an coigeartú i ngeall ar an asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla, ach ag coinneáil coigeartuithe i ngeall ar an gcoigeartú luaineachta agus an coigeartú meaitseála. Mura bhfuil an asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla infheidhme tuairiscigh an méid céanna mar atá in C0010.

	ÍTIM	TREORACHA
C0030/R0020	Tionchar an bhirt idirthréimhsigh ar fhorálacha teicniúla – Bunchistí dílse	Méid an choigeartaithe ar na Bunchistí dílse i ngeall ar chur i bhfeidhm na hasbhainte idirthréimhsí ar fhorálacha teicniúla. Is éard a bheidh ann an difríocht idir na bunchistí dílse arna ríomh agus forálacha teicniúla á mbreithniú gan asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla agus na bunchistí dílse arna ríomh leis na forálacha teicniúla in éineacht le LTG agus le bearta idirthréimhseacha.
C0040/R0020	Gan beart idirthréimhseach ar ráta úis — Bunchistí dílse	Méid iomlán na mbunchistí dílse arna ríomh agus na forálacha teicniúla á mbreithniú gan an coigeartú i ngeall ar an gcoigeartú idirthréimhseach ar struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca, ach ag coinneáil coigeartuithe i ngeall ar an gcoigeartú luaineachta agus an coigeartú meaitseála. Mura bhfuil an coigeartú idirthréimhseach ar struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca infheidhme tuairiscigh an méid céanna mar atá in C0020.
C0050/R0020	Tionchar an bhirt idirthréimhsigh ar ráta úis — Bunchistí dílse	Méid an choigeartaithe ar na bunchistí cistí dílse i ngeall ar chur i bhfeidhm an choigeartaithe idirthréimhsigh ar struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca. Is éard a bheidh ann an difríocht idir na bunchistí dílse arna ríomh agus na forálacha teicniúla á mbreithniú gan coigeartú idirthréimhseach ar struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca agus na bunchistí dílse arna ríomh leis na forálacha teicniúla arna dtuairisciú faoi C0020 gan beart idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla.
C0060/R0020	Gan coigeartú luaineachta agus gan bearta idirthréimhseacha eile – Bunchistí dílse	Méid iomlán na mbunchistí dílse arna ríomh agus na forálacha teicniúla á mbreithniú gan na coigeartuithe i ngeall ar an asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla, an coigeartú idirthréimhseach ar struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca agus an coigeartú luaineachta, ach ag coinneáil na gcoigeartuithe i ngeall ar an gcoigeartú meaitseála. Mura bhfuil coigeartú luaineachta infheidhme tuairiscigh an méid céanna mar atá in C0040.
C0070/R0020	Tionchar an choigeartaithe luaineachta arna shocrú ag nialas — Bunchistí dílse	Méid an choigeartaithe ar na Bunchistí dílse i ngeall ar chur i bhfeidhm an choigeartaithe luaineachta. Léireoidh sé an tionchar a bhaineann leis an gcoigeartú luaineachta a shocrú ag nialas. Is éard a bheidh ann an difríocht idir na bunchistí dílse arna ríomh agus na forálacha teicniúla á mbreithniú gan coigeartú luaineachta agus gan bearta idirthréimhseacha eile, agus na bunchistí dílse arna ríomh leis na forálacha teicniúla a thuairiscítear faoi C0040.
C0080/R0020	Gan coigeartú meaitseála agus gan na cinn eile ar fad – Bunchistí dílse	Méid iomlán na mbunchistí dílse arna ríomh agus na forálacha teicniúla á mbreithniú gan aon bheart LTG. Mura bhfuil coigeartú meaitseála infheidhme tuairiscigh an méid céanna mar atá in C0060.

	ÍTIM	TREORACHA
C0090/R0020	Tionchar an choigeartaithe meaitseála arna shocrú ag nialas – Bunchistí dílse	Méid an choigeartaithe ar na bunchistí cistí dílse i ngeall ar chur i bhfeidhm an choigeartaithe meaitseála. Áireofar leis an tionchar a bhaineann leis an gcoigeartú luaineachta a shocrú mar aon leis an gcoigeartú meaitseála a shocrú ag nialas. Is éard a bheidh ann an difríocht idir na bunchistí dílse arna ríomh agus na forálacha teicniúla á mbreithniú gan coigeartú meaitseála agus gan na bearta idirthréimhseacha uile eile agus na bunchistí dílse arna ríomh leis na forálacha teicniúla a thuairiscítear faoi C0060.
C0100/R0020	Tionchar na mbeart agus na mbeart idirthréimhseach LTG uile – Bunchistí dílse	Méid an choigeartaithe ar na bunchistí dílse i ngeall ar chur i bhfeidhm na mbeart agus na mbeart idirthréimhseach LTG.
C0010/R0030	Méid in éineacht le bearta agus bearta idirthréimhseacha LTG– Bunchistí dílse – Farasbarr sócmhainní thar dhliteanais	Méid iomlán an fharasbairr sócmhainní thar dhliteanais arna ríomh agus na forálacha teicniúla á mbreithniú lena n-áirítear na coigeartuithe i ngeall ar na bearta ráthaíochta fadtéarmacha agus ar na bearta idirthréimhseacha.
C0020/R0030	Gan beart idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla – Bunchistí dílse – Farasbarr sócmhainní thar dhliteanais	Méid iomlán an fharasbairr sócmhainní thar dhliteanais arna ríomh agus forálacha teicniúla á mbreithniú gan an coigeartú i ngeall ar an asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla, ach ag coinneáil na gcoigeartuithe i ngeall ar an gcoigeartú luaineachta agus an coigeartú meaitseála. Mura bhfuil an asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla infheidhme tuairiscigh an méid céanna mar atá in C0010.
C0030/R0030	Tionchar an bhirt idirthréimhsigh ar fhorálacha teicniúla – Bunchistí dílse — Farasbarr sócmhainní thar dhliteanais	Méid an choigeartaithe ar fharasbarr sócmhainní thar dhliteanais i ngeall ar chur i bhfeidhm na hasbhainte idirthréimhsí ar fhorálacha teicniúla. Is éard a bheidh ann an difríocht idir an farasbarr sócmhainní thar dhliteanais arna ríomh agus na forálacha teicniúla á mbreithniú gan asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla agus an farasbarr sócmhainní thar dhliteanais arna ríomh leis na forálacha teicniúla in éineacht le LTG agus le bearta idirthréimhseacha.
C0040/R0030	Gan beart idirthréimhseach ar ráta úis — Bunchistí dílse – Farasbarr sócmhainní thar dhliteanais	Méid iomlán an fharasbairr sócmhainní thar dhliteanais arna ríomh agus na forálacha teicniúla á mbreithniú gan an coigeartú i ngeall ar an gcoigeartú idirthréimhseach ar struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca, ach ag coinneáil na gcoigeartuithe i ngeall ar an gcoigeartú luaineachta agus an coigeartú meaitseála. Mura bhfuil an coigeartú idirthréimhseach ar struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca infheidhme tuairiscigh an méid céanna mar atá in C0020.

	ÍTIM	TREORACHA
C0050/R0030	Tionchar an bhirt idirthréimhsigh ar ráta úis – Bunchistí dílse — Farasbarr sócmhainní thar dhliteanais	Méid an choigeartaithe ar fharasbarr na sócmhainní thar dhliteanais i ngeall ar chur i bhfeidhm an choigeartaithe idirthréimhsigh ar struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca. Is éard a bheidh ann an difríocht idir an farasbarr sócmhainní thar dhliteanais arna ríomh agus na forálacha teicniúla á mbreithniú gan coigeartú idirthréimhseach ar struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca agus an farasbarr sócmhainní thar dhliteanais arna ríomh leis na forálacha teicniúla a thuairiscítear faoi C0020.
C0060/R0030	Gan coigeartú luaineachta agus gan bearta idirthréimhseacha eile – Bunchistí dílse – Farasbarr sócmhainní thar dhliteanais	Méid iomlán an fharasbairr sócmhainní thar dhliteanais arna ríomh agus forálacha teicniúla á mbreithniú gan na coigeartuithe i ngeall ar an asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla, an coigeartú idirthréimhseach ar struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca agus an coigeartú luaineachta, ach ag coinneáil na gcoigeartuithe i ngeall ar an gcoigeartú meaitseála. Mura bhfuil coigeartú luaineachta infheidhme tuairiscigh an méid céanna mar atá in C0040.
C0070/R0030	Tionchar an choigeartaithe luaineachta arna shocrú ag nialas — Bunchistí dílse — Farasbarr sócmhainní thar dhliteanais	Méid an choigeartaithe ar fharasbarr sócmhainní thar dhliteanais i ngeall ar chur i bhfeidhm an choigeartaithe luaineachta. Léireoidh sé an tionchar a bhaineann leis an gcoigeartú luaineachta a shocrú ag nialas. Is éard a bheidh ann an difríocht idir an farasbarr sócmhainní thar dhliteanais arna ríomh agus na forálacha teicniúla á mbreithniú gan coigeartú luaineachta agus gan bearta idirthréimhseacha eile agus an farasbarr sócmhainní thar dhliteanais arna ríomh leis na forálacha teicniúla a thuairiscítear faoi C0040.
C0080/R0030	Gan coigeartú meaitseála agus gan na cinn eile ar fad – Bunchistí dílse — Farasbarr sócmhainní thar dhliteanais	Méid iomlán an fharasbairr sócmhainní thar dhliteanais arna ríomh agus forálacha teicniúla á mbreithniú gan aon bheart LTG. Mura bhfuil coigeartú meaitseála infheidhme tuairiscigh an méid céanna mar atá in C0060.
C0090/R0030	Tionchar an choigeartaithe meaitseála arna shocrú ag nialas — Bunchistí dílse — Farasbarr sócmhainní thar dhliteanais	Méid an choigeartaithe ar an bhfarasbarr sócmhainní thar dhliteanais i ngeall ar chur i bhfeidhm an choigeartaithe meaitseála. Áireofar leis an tionchar a bhaineann leis an gcoigeartú luaineachta a shocrú mar aon leis an gcoigeartú meaitseála a shocrú ag nialas. Is éard a bheidh ann an difríocht idir an farasbarr sócmhainní thar dhliteanais arna ríomh agus na forálacha teicniúla á mbreithniú gan coigeartú meaitseála agus gan na bearta idirthréimhseacha uile eile agus an farasbarr sócmhainní thar dhliteanais arna ríomh leis na forálacha teicniúla a thuairiscítear faoi C0060.
C0100/R0030	Tionchar na mbeart agus na mbeart idirthréimhseach LTG uile – Bunchistí dílse – Farasbarr sócmhainní thar dhliteanais	Méid an choigeartaithe ar an bhfarasbarr sócmhainní thar dhliteanais i ngeall ar chur i bhfeidhm na mbeart agus na mbeart idirthréimhseach LTG.

	ÍTIM	TREORACHA
C0010/R0040	Méid in éineacht le bearta agus bearta idirthréimhseacha LTG – Bunchistí dílse – Cistí dílse srianta i ngeall ar imfhálú agus punann meaitseála	Méid iomlán na gcistí dílse srianta i ngeall ar imfhálú arna ríomh agus na forálacha teicniúla á mbreithniú lena n-áirítear na coigeartuithe i ngeall ar na bearta ráthaíochta fadtéarmacha agus ar na bearta idirthréimhseacha.
C0020/R0040	Gan beart idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla – Bunchistí dílse – Cistí dílse srianta i ngeall ar imfhálú agus punann meaitseála	Méid iomlán na gcistí dílse srianta i ngeall ar imfhálú arna ríomh agus forálacha teicniúla á mbreithniú gan an coigeartú i ngeall ar an asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla, ach ag coinneáil na gcoigeartuithe i ngeall ar an gcoigeartú luaineachta agus an coigeartú meaitseála. Mura bhfuil an asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla infheidhme tuairiscigh an méid céanna mar atá in C0010.
C0030/R0040	Tionchar an bhirt idirthréimhsigh ar fhorálacha teicniúla – Bunchistí dílse – Cistí dílse srianta i ngeall ar imfhálú agus punann meaitseála	Méid an choigeartaithe ar na cistí dílse srianta i ngeall ar imfhálú i ngeall ar chur i bhfeidhm na hasbhainte idirthréimhsí ar fhorálacha teicniúla. Is éard a bheidh ann an difríocht idir na cistí dílse srianta i ngeall ar imfhálú arna ríomh agus na forálacha teicniúla á mbreithniú gan asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla agus na cistí dílse srianta i ngeall ar imfhálú arna ríomh leis na forálacha teicniúla in éineacht le LTG agus le bearta idirthréimhseacha.
C0040/R0040	Gan beart idirthréimhseach ar ráta úis – Bunchistí dílse – Cistí dílse srianta i ngeall ar imfhálú agus punann meaitseála	Méid iomlán na gcistí dílse srianta i ngeall ar imfhálú arna ríomh agus forálacha teicniúla á mbreithniú gan an coigeartú i ngeall ar an gcoigeartú idirthréimhseach ar struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca, ach ag coinneáil na gcoigeartuithe i ngeall ar an gcoigeartú luaineachta agus an coigeartú meaitseála. Mura bhfuil an coigeartú idirthréimhseach ar struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca infheidhme tuairiscigh an méid céanna mar atá in C0020.
C0050/R0040	Tionchar an bhirt idirthréimhsigh ar ráta úis – Bunchistí dílse – Cistí dílse srianta i ngeall ar imfhálú agus punann meaitseála	Méid an choigeartaithe ar na cistí dílse srianta i ngeall ar imfhálú i ngeall ar chur i bhfeidhm an choigeartaithe idirthréimhsigh ar struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca. Is éard a bheidh ann an difríocht idir na cistí dílse srianta i ngeall ar imfhálú arna ríomh agus na forálacha teicniúla á mbreithniú gan coigeartú idirthréimhseach ar struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca agus na cistí dílse srianta i ngeall ar imfhálú arna ríomh leis na forálacha teicniúla a thuairiscítear faoi C0020.
C0060/R0040	Gan coigeartú luaineachta agus gan bearta idirthréimhseacha eile – Bunchistí dílse – Cistí dílse srianta i ngeall ar imfhálú agus punann meaitseála	Méid iomlán na gcistí dílse srianta i ngeall ar imfhálú arna ríomh agus forálacha teicniúla á mbreithniú gan na coigeartuithe i ngeall ar an asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla, an coigeartú idirthréimhseach ar struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca agus an coigeartú luaineachta, ach ag coinneáil na gcoigeartuithe i ngeall ar an gcoigeartú meaitseála. Mura bhfuil coigeartú luaineachta infheidhme tuairiscigh an méid céanna mar atá in C0040.

	ÍTIM	TREORACHA
C0070/R0040	Tionchar an choigeartaithe luaineachta arna shocrú ag nialas — Bunchistí dílse — Cistí dílse srianta i ngeall ar imfhálú agus punann meaitseála	Méid an choigeartaithe ar na cistí dílse srianta i ngeall ar imfhálú i ngeall ar chur i bhfeidhm an choigeartaithe luaineachta. Léireoidh sé an tionchar a bhaineann leis an gcoigeartú luaineachta a shocrú ag nialas. Is éard a bheidh ann an difríocht idir na cistí dílse srianta i ngeall ar imfhálú arna ríomh agus na forálacha teicniúla á mbreithniú gan coigeartú luaineachta agus gan bearta idirthréimhseacha eile agus na cistí dílse srianta i ngeall ar imfhálú arna ríomh leis na forálacha teicniúla a thuairiscítear faoi C0040.
C0080/R0040	Gan coigeartú meaitseála agus gan na cinn eile ar fad – Bunchistí dílse – Cistí dílse srianta i ngeall ar imfhálú agus punann meaitseála	Méid iomlán na gcistí dílse srianta i ngeall ar imfhálú arna ríomh agus forálacha teicniúla á mbreithniú gan aon bheart LTG. Mura bhfuil coigeartú meaitseála infheidhme tuairiscigh an méid céanna mar atá in C0060.
C0090/R0040	Tionchar an choigeartaithe meaitseála arna shocrú ag nialas — Bunchistí dílse – Cistí dílse srianta i ngeall ar imfhálú agus punann meaitseála	Méid an choigeartaithe ar na cistí dílse srianta i ngeall ar imfhálú i ngeall ar chur i bhfeidhm an choigeartaithe meaitseála. Áireofar leis an tionchar a bhaineann leis an gcoigeartú luaineachta a shocrú mar aon leis an gcoigeartú meaitseála a shocrú ag nialas. Is éard a bheidh ann an difríocht idir na cistí dílse srianta i ngeall ar imfhálú arna ríomh agus na forálacha teicniúla á mbreithniú gan coigeartú meaitseála agus gan na bearta idirthréimhseacha uile eile agus na cistí dílse srianta i ngeall ar imfhálú arna ríomh leis na forálacha teicniúla a thuairiscítear faoi C0060.
C0100/R0040	Tionchar na mbeart agus na mbeart idirthréimhseach LTG uile – Bunchistí dílse – Cistí dílse srianta i ngeall ar imfhálú agus punann meaitseála	Méid an choigeartaithe ar na cistí dílse srianta i ngeall ar imfhálú i ngeall ar chur i bhfeidhm na mbeart agus na mbeart idirthréimhseach LTG.
C0010/R0050	Méid in éineacht le bearta agus bearta idirthréimhseacha LTG — Cistí dílse incháilithe chun SCR a chomhlíonadh	Méid iomlán cistí dílse incháilithe chun SCR a chomhlíonadh, arna ríomh agus forálacha teicniúla á mbreithniú lena n-áirítear na coigeartuithe i ngeall ar na bearta ráthaíochta fadtéarmacha agus ar na bearta idirthréimhseacha.
C0020/R0050	Gan beart idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla – Cistí dílse incháilithe chun SCR a chomhlíonadh	Méid iomlán na gcistí dílse incháilithe chun SCR a chomhlíonadh arna ríomh agus forálacha teicniúla á mbreithniú gan an coigeartú i ngeall ar an asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla, ach ag coinneáil na gcoigeartuithe i ngeall ar an gcoigeartú luaineachta agus an coigeartú meaitseála. Mura bhfuil an asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla infheidhme tuairiscigh an méid céanna mar atá in C0010.

	ÍTIM	TREORACHA
C0030/R0050	Tionchar an bhirt idirthréimhsigh ar fhorálacha teicniúla – Cistí dílse incháilithe chun SCR a chomhlíonadh	Méid an choigeartaithe ar na cistí dílse incháilithe chun SCR a chomhlíonadh i ngeall ar chur i bhfeidhm na hasbhainte idirthréimhsí ar fhorálacha teicniúla. Is éard a bheidh ann an difríocht idir na cistí dílse incháilithe chun SCR a chomhlíonadh arna ríomh agus forálacha teicniúla á mbreithniú gan asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla agus na cistí dílse incháilithe chun SCR a chomhlíonadh arna ríomh leis na forálacha teicniúla in éineacht le LTG agus le bearta idirthréimhseacha.
C0040/R0050	Gan an beart idirthréimhsigh ar ráta úis – Cistí dílse incháilithe chun SCR a chomhlíonadh	Méid iomlán na gcistí dílse incháilithe chun SCR a chomhlíonadh arna ríomh agus forálacha teicniúla á mbreithniú gan an coigeartú i ngeall ar an gcoigeartú idirthréimhseach ar struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca, ach ag coinneáil na gcoigeartuithe i ngeall ar an gcoigeartú luaineachta agus an coigeartú meaitseála. Mura bhfuil an coigeartú idirthréimhseach ar struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca infheidhme tuairiscigh an méid céanna mar atá in C0020.
C0050/R0050	Tionchar an bhirt idirthréimhsigh ar ráta úis – Cistí dílse incháilithe chun SCR a chomhlíonadh	Méid an choigeartaithe ar na cistí dílse incháilithe chun SCR a chomhlíonadh i ngeall ar chur i bhfeidhm an choigeartaithe idirthréimhsigh ar struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca. Is éard a bheidh ann an difríocht idir na cistí dílse incháilithe chun SCR a chomhlíonadh, arna ríomh agus na forálacha teicniúla á mbreithniú gan coigeartú idirthréimhseach ar struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca agus na cistí dílse incháilithe chun SCR a chomhlíonadh arna ríomh agus na forálacha teicniúla á dtuairisciú faoi C0020.
C0060/R0050	Gan coigeartú luaineachta agus gan bearta idirthréimhseacha eile – Cistí dílse incháilithe chun SCR a chomhlíonadh	Méid iomlán na gcistí dílse incháilithe chun SCR a chomhlíonadh arna ríomh agus forálacha teicniúla á mbreithniú gan na coigeartuithe i ngeall ar an asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla, an coigeartú idirthréimhseach ar struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca agus an coigeartú luaineachta, ach ag coinneáil na gcoigeartuithe i ngeall ar an gcoigeartú meaitseála. Mura bhfuil coigeartú luaineachta infheidhme tuairiscigh an méid céanna mar atá in C0040.
C0070/R0050	Tionchar an choigeartaithe luaineachta arna shocrú ag nialas — Cistí dílse incháilithe chun SCR a chomhlíonadh	Méid an choigeartaithe ar na cistí dílse incháilithe chun SCR a chomhlíonadh i ngeall ar chur i bhfeidhm an choigeartaithe luaineachta. Léireoidh sé an tionchar a bhaineann leis an gcoigeartú luaineachta a shocrú ag nialas. Is éard a bheidh ann an difríocht idir na cistí dílse incháilithe chun SCR a chomhlíonadh arna ríomh agus na forálacha teicniúla á mbreithniú gan coigeartú luaineachta agus gan bearta idirthréimhseacha eile agus na cistí dílse incháilithe chun SCR a chomhlíonadh arna ríomh leis na forálacha teicniúla a thuairiscítear faoi C0040.
C0080/R0050	Gan coigeartú meaitseála agus gan na cinn eile ar fad – Cistí dílse incháilithe chun SCR a chomhlíonadh	Méid iomlán na gcistí dílse incháilithe chun SCR a chomhlíonadh arna ríomh agus forálacha teicniúla á mbreithniú gan aon bheart LTG. Mura bhfuil coigeartú meaitseála infheidhme, tuairiscigh an méid céanna mar atá in C0060.

	ÍTIM	TREORACHA
C0090/R0050	Tionchar an choigeartaithe meaitseála arna shocrú ag nialas – Cistí dílse incháilithe chun SCR a chomhlíonadh	Méid an choigeartaithe ar na cistí dílse incháilithe chun SCR a chomhlíonadh i ngeall ar chur i bhfeidhm an choigeartaithe meaitseála. Áireofar leis an tionchar a bhaineann leis an gcoigeartú luaineachta a shocrú mar aon leis an gcoigeartú meaitseála a shocrú ag nialas. Is éard a bheidh ann an difríocht idir na cistí dílse incháilithe chun SCR a chomhlíonadh arna ríomh agus na forálacha teicniúla á mbreithniú gan coigeartú meaitseála agus gan na bearta idirthréimhseacha uile eile agus na cistí dílse incháilithe chun SCR a chomhlíonadh arna ríomh leis na forálacha teicniúla a thuairiscítear faoi C0060.
C0100/R0050	Tionchar na mbeart agus na mbeart idirthréimhseach LTG uile – Cistí dílse incháilithe chun SCR a chomhlíonadh	Méid an choigeartaithe ar na cistí dílse incháilithe chun SCR a chomhlíonadh i ngeall ar chur i bhfeidhm na mbeart agus na mbeart idirthréimhseach LTG.
C0010/R0060	Méid in éineacht le bearta agus bearta idirthréimhseacha LTG — Cistí dílse incháilithe chun SCR–Leibhéal 1 a chomhlíonadh	Méid iomlán cistí dílse incháilithe chun SCR–Leibhéal 1 a chomhlíonadh arna ríomh agus na forálacha teicniúla á mbreithniú lena n-áirítear na coigeartuithe i ngeall ar na bearta ráthaíochta fadtéarmacha agus ar na bearta idirthréimhseacha.
C0020/R0060	Gan an beart idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla – Cistí dílse incháilithe chun SCR–Leibhéal 1 a chomhlíonadh	Méid iomlán na gcistí dílse incháilithe chun SCR–Leibhéal 1 a chomhlíonadh arna ríomh agus forálacha teicniúla á mbreithniú gan an coigeartú i ngeall ar an asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla, ach ag coinneáil na gcoigeartuithe i ngeall ar an gcoigeartú luaineachta agus an coigeartú meaitseála. Mura bhfuil an asbhaint idirthréimhseach ar fhorálacha teicniúla infheidhme tuairiscigh an méid céanna mar atá in C0010.
C0930	Dliteanais fho-ordaithe nach bhfuil ar fáil	Is é sin méid foriomlán dliteanais fho-ordaithe nach bhfuil ar fáil ar leibhéal an ghrúpa.
C0940	Méid atá cothrom le luach na nglansócmhainní cánach iarchurtha nach bhfuil ar fáil	Is é sin an méid foriomlán atá cothrom le luach na nglansócmhainní cánach iarchurtha nach bhfuil ar fáil ar leibhéal an ghrúpa
C0950	Cuntas scairbhisigh, nach bhfuil ar fáil, a bhaineann le scaireanna tosaíochta	Is é sin méid foriomlán cuntas scairbhisigh, nach bhfuil ar fáil, a bhaineann le scaireanna tosaíochta ar leibhéal an ghrúpa
C0951	Cistí dílse nach bhfuil ar fáil sa chúlchiste réitigh	Is é sin an méid iomlán cistí dílse, nach bhfuil ar fáil, a bhaineann le cistí dílse sa chúlchiste réitigh ar leibhéal an ghrúpa.
C0962	Cistí dílse iomlána nach bhfuil ar fáil	Cistí dílse iomlána nach bhfuil ar fáil arna sainaithint i ndiaidh an mheasúnaithe infhaighteachta ar leibhéal an ghrúpa, i gcomhréir le hAirteagal 222(4) de Threoir 2009/138/CE, ríomhtar na cistí dílse iomlána nach bhfuil ar fáil, gnóthas ar ghnóthas, trí na cistí dílse a shonraítear in Airteagal 222(2) de Threoir 2009/138/CE (i.e. cistí barrachais agus aon chaipiteal atá suibscríofa ach nach bhfuil íoctha) agus in Airteagal 330 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 (e.g. cistí coimhdeacha dílse, scaireanna tosaíochta, fochuntais baill fhrithpháirtigh agus luach glansócmhainní cánach iarchurtha) a chur le chéile.

	ÍTIM	TREORACHA
C0960	Cistí dílse iomlána nach bhfuil ar fáil agus atá le hasbhaint	Is é sin an méid foriomlán cistí dílse nach bhfuil ar fáil agus atá le hasbhaint ó chistí dílse an ghrúpa. I gcomhréir le hAirteagal 222(4) de Threoir 2009/138/CE, ríomhtar na cistí dílse iomlána nach bhfuil ar fáil, gnóthas ar ghnóthas, trí na cistí dílse a shonraítear in Airteagal 222(2) de Threoir 2009/138/CE (i.e. cistí barrachais agus aon chaipiteal atá suibscríofa ach nach bhfuil íoctha) agus in Airteagal 330 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 (e.g. cistí coimhdeacha dílse, scaireanna tosaíochta, fochuntais baill fhrithpháirtigh agus luach glansócmhainní cánach iarchurtha) a chur le chéile. An chuid de chistí dílse den sórt sin atá níos mó ná ranníocaíocht an ghnóthais ghaolmhair le SCR grúpa, ní féidir a bhreithniú go bhfuil sí ar fáil chun SCR grúpa a chumhdach. Mura bhfuil méid iomlán na gcistí dílse sin in C0842 níos mó ná ranníocaíocht an ghnóthais ghaolmhair le SCR grúpa, níl gá leis an asbhaint sin in C0850 mar chuid den ríomh.
C0861	Leasanna mionlaigh	Is é sin an méid foriomlán leasanna mionlaigh ar leibhéal an ghrúpa
C0860	Leasanna mionlaigh atá le hasbhaint ó chistí dílse an ghrúpa	Is é sin an méid foriomlán leasanna mionlaigh atá le hasbhaint ar leibhéal an ghrúpa.

S.25.01 — Ceanglas maidir le Caipiteal Sócmhainneachta — le haghaidh grúpaí ar an bhFoirmle Chaighdeánach

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh grúpaí, cistí imfhálaithe, punanna coigeartaithe meaitseála agus an chuid atá fágtha.

Is gá teimpléad SR.25.01 a líonadh isteach le haghaidh gach ciste imfhálaithe (RFF), gach punainne coigeartaithe meaitseála (MAP) agus le haghaidh an chuid atá fágtha. I gcás ina mbeidh MAP/RFF leabaithe in RFF/MAP, áfach, ba cheart caitheamh leis an gciste mar chistí éagsúla. Déanfar an teimpléad sin a thuairisciú le haghaidh na bhfochistí uile de RFF/MAP ábhartha mar a shainaithnítear sa dara tábla de theimpléad S.01.03.

Níl teimpléad SR.25.01 infheidhme ach amháin maidir le RFF/MAP ó ghnóthais a chomhdhlúthaítear i gcomhréir le hAirteagal 335, mír 1, (a) agus (c) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, i gcás ina n-úsáidtear modh 1 (an modh bunaithe ar chomhdhlúthú cuntasaíochta), go heisiach nó i gcomhcheangal le modh 2 (an modh asbhainte agus comhiomlánaithe).

I gcás ina mbeidh MAP nó RFF ag an eintiteas (seachas iad siúd faoi raon feidhme Airteagal 304 de Threoir 2009/138/CE), agus ina ndéanfar tuairisciú ar leibhéal an ghnóthais iomláin, is mar a leanas a ríomhfar an Ceanglas barúlach um Chaipiteal Sócmhainneachta ("nSCR") ar leibhéal modúil rioscaí agus an acmhainneacht ionsúcháin caillteanais (LAC) ag forálacha teicniúla agus cánacha iarchurtha atá le tuairisciú:

— I gcás ina gcuirfidh an gnóthas an coigeartú iomlán i bhfeidhm i ngeall ar chomhiomlánú nSCR de RFF/MAP ar leibhéal eintitis, déantar nSCR a ríomh mar shampla agus nach ann d'aon chaillteanas éagsúlaithe agus ríomhfar LAC mar shuim LAC ar fud RFF/MAP uile agus an chuid atá fágtha;

— I gcás ina gcuirfidh an gnóthas an simpliú i bhfeidhm ar leibhéal fomhodúil rioscaí chun nSCR de RFF/MAP ar leibhéal eintitis a chomhiomlánú, déantar nSCR a ríomh agus breithniú á dhéanamh ar mhodh ina ndéantar suimiú díreach ar leibhéal modúil, agus ríomhfar LAC mar shuim LAC ar fud RFF/MAP uile agus an chuid atá fágtha;

— I gcás ina gcuirfidh an gnóthas an simpliú i bhfeidhm ar leibhéal modúil rioscaí chun nSCR de RFF/MAP ar leibhéal eintitis a chomhiomlánú, déantar nSCR a ríomh agus breithniú á dhéanamh ar mhodh ina ndéantar suimiú díreach ar leibhéal modúil, agus ríomhfar LAC mar shuim LAC ar fud RFF/MAP agus an chuid atá fágtha uile.

Déanfar an coigeartú i ngeall ar chomhiomlánú nSCR de RFF/MAP ar leibhéal eintitis a leithdháileadh (C0050) ar na modúil riosca ábhartha (i.e. riosca margaidh, riosca mainneachtana frithpháirtí, riosca frithgheallta saoil, riosca frithgheallta san árachas sláinte agus riosca frithgheallta neamhshaoil). Ríomhfar an méid atá le leithdháileadh ar gach modúil riosca ábhartha mar a leanas:

$$\text{Calculation of q factor} = \frac{adjustment}{BSCR' - nSCR_{\text{int}}},$$

i gcás inarb amhlaidh

—	*coigeartú*	=	Coigeartú arna ríomh de réir ceann de na trí mhodh dá dtagraítear thuas
—	*BSCR'*	=	Buncheanglas um chaipiteal sócmhainneachta arna ríomh de réir na faisnéise a thuairiscítear sa teimpléad seo (C0040/R0100)
—	$nSCR_{int}$	=	nSCR le haghaidh riosca sócmhainní doláimhsithe de réir na faisnéise a thuairiscítear sa teimpléad seo (C0040/R0070)

— Iolrú na "tosca q" seo faoi nSCR gach modúil riosca ábhartha (i.e. riosca margaidh, riosca mainneachtana frithpháirtí, riosca frithgheallta saoil, riosca frithgheallta san árachas sláinte agus riosca frithgheallta neamhshaoil)

Maidir le tuairisciú grúpa, comhlíonfar na ceanglais shonracha a leanas:

a) Tá an fhaisnéis go dtí R0460 infheidhme nuair a úsáidtear modh 1 mar a shainmhínítear in Airteagal 230 de Threoir 2009/138/CE, go heisiach nó i gcomhcheangal le modh 2 mar a shainmhínítear in Airteagal 233 de Threoir 2009/138/CE;

b) Nuair a úsáidtear modh comhcheangail, níl an fhaisnéis go dtí R0460 le cur isteach ach amháin don pháirt den ghrúpa arna ríomh le modh 1 mar a shainmhínítear in Airteagal 230 de Threoir 2009/138/CE.

	ÍTIM	TREORACHA
Z0010	Airteagal 112	Sainaithnítear leis cé acu a iarradh nó nár iarradh na figiúirí tuairiscithe faoi Airteagal 112(7) de Shócmhainneacht II, chun meastachán ar SCR a sholáthar agus an fhoirmle chaighdeánach á húsáid. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Tuairisciú Airteagal 112(7) 2 — Tuairisciú tráthrialta
Z0020	Ciste imfhálaithe, punann coigeartaithe meaitseála nó an chuid atá fágtha	Sainaithnítear leis cibé acu a bhaineann na figiúirí a thuairiscítear le RFF, punann coigeartaithe meaitseála nó leis an gcuid atá fágtha. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — RFF/MAP 2 — An chuid atá fágtha
Z0030	Uimhir Chiste/Phunainne	I gcás ina bhfuil mír Z0020 = 1, uimhir aitheantais le haghaidh ciste imfhálaithe nó punann coigeartaithe meaitseála. Is é an gnóthas a thagann faoi raon feidhme mhaoirseacht an ghrúpa a shannann an uimhir sin agus ní mór di a bheith comhsheasmhach le himeacht ama agus leis an uimhir chiste/phunainne a thuairiscítear i dteimpléid eile.
R0010–R0050/C0030	Glancheanglas um chaipiteal sócmhainneachta	Méid an ghlanmhuirir caipitil le haghaidh gach modúil riosca, arna ríomh agus an fhoirmle chaighdeánach á húsáid. Is é an difríocht idir glan-SCR agus SCR comhlán é breithniú na sochar lánroghnach amach anseo i gcomhréir le hAirteagal 205 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35. Leis an méid sin, breithneofar go hiomlán éifeachtaí an éagsúlaithe i gcomhréir le hAirteagal 304 de Threoir 2009/138/CE, i gcás inarb infheidhme. Ní áirítear sna cealla sin leithdháileadh an choigeartaithe i ngeall ar chomhiomlánú nSCR de RFF/MAP ar leibhéal eintitis. Léiríonn na figiúirí sin SCR mar shampla agus nárbh ann d'aon chaillteanas éagsúlaithe.
R0010–R0050/C0040	Ceanglas comhlán um chaipiteal sócmhainneachta	Méid an mhuirir chaipitil chomhláin le haghaidh gach modúl rioscaí, arna ríomh agus an fhoirmle chaighdeánach á húsáid. Is é an difríocht idir glan-SCR agus SCR comhlán é breithniú na sochar lánroghnach amach anseo mar a leagtar síos in Airteagal 206 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35. Leis an méid sin, breithneofar go hiomlán iarmhairtí an éagsúlaithe mar a leagtar síos in Airteagal 304 de Threoir 2009/138/CE i gcás inarb infheidhme. Ní áirítear sna cealla sin leithdháileadh an choigeartaithe i ngeall ar chomhiomlánú nSCR de RFF/MAP ar leibhéal eintitis. Léiríonn na figiúirí sin SCR mar shampla agus nárbh ann d'aon chaillteanas éagsúlaithe.

	ÍTIM	TREORACHA
R0010–R0050/C0050	Coigeartú RFF a leithdháileadh i ngeall ar RFF agus punanna coigeartaithe meaitseála	Cuid den choigeartú a leithdháiltear ar gach modúl riosca de réir an nós imeachta ar a dtugtar tuairisc sna barúlacha ginearálta. Beidh an méid sin deimhneach.
R0060/C0030	Glancheanglas um chaipiteal sócmhainneachta - Éagsúlú	Méid éifeachtaí an éagsúlaithe idir SCR bunúsach na modúl glanrioscaí, lena n-áirítear an t-éagsúlú laistigh de gach modúl rioscaí, i ngeall ar chur i bhfeidhm na maitríse comhghaoil a shainmhínítear in Iarscríbhinn IV de Threoir 2009/138/CE. Déanfar an méid sin a thuairisciú mar luach diúltach.
R0060/C0040	Ceanglas comhlán um chaipiteal sócmhainneachta - an tÉagsúlú	Méid éifeachtaí an éagsúlaithe idir SCR bunúsach na modúl rioscaí comhlán, lena n-áirítear an t-éagsúlú laistigh de gach modúl rioscaí, i ngeall ar chur i bhfeidhm na maitríse comhghaoil a shainmhínítear in Iarscríbhinn IV de Threoir 2009/138/CE. Déanfar an méid sin a thuairisciú mar luach diúltach.
R0070/C0030	Glancheanglas um chaipiteal sócmhainneachta - Riosca sócmhainne doláimhsithe	Méid an mhuirir caipitil, i ndiaidh an choigeartaithe i leith acmhainn ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla, le haghaidh riosca sócmhainní doláimhsithe, arna ríomh agus an fhoirmle chaighdeánach á húsáid.
R0070/C0040	Ceanglas comhlán um chaipiteal sócmhainneachta - Riosca sócmhainní doláimhsithe	Na sochair lánroghnacha amach anseo i gcomhréir le hAirteagal 205 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 le haghaidh riosca sócmhainní doláimhsithe, is é nialas atá iontu faoin bhfoirmle chaighdeánach; mar sin tá R0070/C0040 cothrom le R0070/C0030.
R0100/C0030	Glancheanglas um chaipiteal sócmhainneachta — Buncheanglas um Chaipiteal Sócmhainneachta	Méid na mbuncheanglas caipitil, i ndiaidh bhreithniú na sochar lánroghnach amach anseo mar a leagtar síos in Airteagal 206 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, arna ríomh agus an fhoirmle chaighdeánach á húsáid. Leis an méid sin, breithneofar go hiomlán iarmhairtí an éagsúlaithe dá dtagraítear in Airteagal 304 de Threoir 2009/138/CE i gcás inarb infheidhme. Ní áirítear leis an gcill sin leithdháileadh an choigeartaithe i ngeall ar chomhiomlánú nSCR de RFF/MAP ar leibhéal eintitis. Léiríonn na figiúirí sin SCR mar shampla agus nárbh ann d'aon chaillteanas éagsúlaithe. Ríomhfar an méid sin mar shuim de na glanmhuirir chaipitil le haghaidh gach modúil rioscaí laistigh den fhoirmle chaighdeánach, lena n-áirítear coigeartú le haghaidh éifeacht an éagsúlaithe laistigh den fhoirmle chaighdeánach.

	ÍTIM	TREORACHA
R0100/C0040	Ceanglas comhlán um chaipiteal sócmhainneachta — Ceanglas Bunúsach um Chaipitil Sócmhainneachta	Méid na mbuncheanglas caipitil, roimh bhreithniú na sochar lánroghnach amach anseo dá dtagraítear in Airteagal 205 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, arna ríomh agus an fhoirmle chaighdeánach á húsáid. Leis an méid sin, breithneofar go hiomlán iarmhairtí an éagsúlaithe mar a leagtar síos in Airteagal 304 de Threoir 2009/138/CE i gcás inarb infheidhme. Ní áirítear leis an gcill sin leithdháileadh an choigeartaithe i ngeall ar chomhiomlánú nSCR de RFF/MAP ar leibhéal eintitis. Léiríonn na figiúirí sin SCR mar shampla agus nárbh ann d'aon chaillteanas éagsúlaithe. Ríomhfar an méid sin mar shuim de na muirir chaipitil chomhlána le haghaidh gach modúl rioscaí laistigh den fhoirmle chaighdeánach, lena n-áirítear coigeartú le haghaidh éifeacht an éagsúlaithe laistigh den fhoirmle chaighdeánach
An Ceanglas um Chaipiteal Sócmhainneachta a Ríomh		
R0120/C0100	Coigeartú i ngeall ar chomhiomlánú nSCR RFF/MAP	Coigeartú chun an claonadh ar ríomh SCR a cheartú, ar claonadh i ngeall ar chomhiomlánú nSCR RFF/MAP ar leibhéal modúil rioscaí atá ann. Beidh an méid sin deimhneach.
R0130/C0100	Priacal oibriúcháin	Méid na gceanglas caipitil le haghaidh mhodúl riosca oibriúcháin mar a ríomhtar agus an fhoirmle chaighdeánach á húsáid.
R0140/C0100	Acmhainn ionsúcháin caillteanais ag forálacha teicniúla	Méid an choigeartaithe le haghaidh acmhainn ionsúcháin caillteanais ag forálacha teicniúla arna ríomh i gcomhréir leis an bhfoirmle chaighdeánach. Déanfar an méid sin a thuairisciú mar luach diúltach. Ar leibhéal RFF/MAP agus ar leibhéal eintitis i gcás nach bhfuil aon RFF (seachas iad siúd faoi Airteagal 304 de Threoir 2009/138/CE) ná MAP ann, is é atá ann an t-uasmhéid idir nialas agus an méid a chomhfhreagraíonn don íosmhéid idir an méid forálacha teicniúla gan corrlach riosca i ndáil le sochair lánroghnacha amach anseo glan ó athárachas agus an difríocht idir an buncheanglas comhlán um chaipiteal sócmhainneachta agus an glan-bhuncheanglas um chaipiteal sócmhainneachta. I gcás ina mbeidh RFF (seachas iad siúd faoi Airteagal 304 de Threoir 2009/138/CE) nó MAP ann, ríomhfar an méid sin mar shuim acmhainneacht ionsúcháin caillteanais fhorálacha teicniúla gach RFF/MAP agus an chuid atá fágtha, agus na glansochair lánroghnacha amach anseo á gcur san áireamh mar uasteorainn.

	ÍTIM	TREORACHA
R0150/C0100	Acmhainn ionsúcháin caillteanais ag cánacha iarchurtha	Méid an choigeartaithe le haghaidh acmhainn ionsúcháin caillteanais cánacha iarchurtha arna ríomh de réir na foirmle caighdeánaí. Beidh an méid sin diúltach.
R0160/C0100	Ceanglas caipitil le haghaidh gnó arna oibriú i gcomhréir le hAirt. 4 de Threoir 2003/41/CE	Méid an cheanglais chaipitil, arna ríomh i gcomhréir leis na rialacha a shonraítear in Airteagal 17 de Threoir 2003/41/CE, le haghaidh cistí imfhálaithe a bhaineann le gnó pinsin arna oibriú faoi Airteagal 4 de Threoir 2003/41/CE a gcuirtear bearta idirthréimhseacha i bhfeidhm ina leith. Níl an ítim sin le tuairisciú ach amháin le linn na hidirthréimhse.
R0200/C0100	Ceanglas um Chaipiteal Sócmhainneachta arna ríomh ar bhonn Airt. 336 (a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, gan forlíontán caipitil san áireamh	Méid an SCR, roimh aon fhorlíontán caipitil, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 336 (a), i.e. ar bhonn sonraí comhdhlúite dá dtagraítear in Airteagal 335 (1) pointí (a), (b) agus (c) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 lena n-áirítear sonraí maidir le gnóthais chomhinfheistíochta rialaithe agus infheistíochtaí a dhéantar a phacáistiú mar chistí.
R0210/C0100	Forlíontáin chaipitil atá socraithe cheana féin	Méid an fhorlíontáin chaipitil a bhí socraithe ag an dáta tagartha tuairiscithe. Ní áirítear leis forlíontáin chaipitil arna socrú idir an dáta sin agus an tráth a chuirtear na sonraí faoi bhráid an údaráis mhaoirseachta.
R0211/C0100	de sin, forlíontáin chaipitil atá socraithe cheana féin – Airteagal 37 (1) Cineál a	Méid an fhorlíontáin chaipitil a bhí socraithe ag an dáta tagartha tuairiscithe. Ní áirítear leis forlíontáin chaipitil arna socrú idir an dáta sin agus an tráth a chuirtear na sonraí faoi bhráid an údaráis mhaoirseachta, ná aon fhorlíontán caipitil arna shocrú tar éis do na sonraí a bheith curtha faoi bhráid an údaráis.
R0212/C0100	de sin, forlíontáin chaipitil atá socraithe cheana féin - Airteagal 37 (1) Cineál b	Méid an fhorlíontáin chaipitil a bhí socraithe ag an dáta tagartha tuairiscithe. Ní áirítear leis forlíontáin chaipitil arna socrú idir an dáta sin agus an tráth a chuirtear na sonraí faoi bhráid an údaráis mhaoirseachta, ná aon fhorlíontán caipitil arna shocrú tar éis do na sonraí a bheith curtha faoi bhráid an údaráis.
R0213/C0100	de sin, forlíontáin chaipitil atá socraithe cheana féin - Airteagal 37 (1) Cineál c	Méid an fhorlíontáin chaipitil a bhí socraithe ag an dáta tagartha tuairiscithe. Ní áirítear leis forlíontáin chaipitil arna socrú idir an dáta sin agus an tráth a chuirtear na sonraí faoi bhráid an údaráis mhaoirseachta, ná aon fhorlíontán caipitil arna shocrú tar éis do na sonraí a bheith curtha faoi bhráid an údaráis.
R0214/C0100	de sin, forlíontáin chaipitil atá socraithe cheana féin - Airteagal 37 (1) Cineál d	Méid an fhorlíontáin chaipitil a bhí socraithe ag an dáta tagartha tuairiscithe. Ní áirítear leis forlíontáin chaipitil arna socrú idir an dáta sin agus an tráth a chuirtear na sonraí faoi bhráid an údaráis mhaoirseachta, ná aon fhorlíontán caipitil arna shocrú tar éis do na sonraí a bheith curtha faoi bhráid an údaráis.

	ÍTIM	TREORACHA
R0220/C0100	SCR Grúpa Comhdhlúite	Méid an Cheanglais um Chaipiteal Sócmhainneachta le haghaidh gnóthas faoi mhodh 1 mar a shainmhínítear in Airteagal 230 de Threoir 2009/138/CE. Áireofar leis gach comhpháirt de SCR grúpa comhdhlúite; SCR arna ríomh ar bhonn sonraí comhdhlúite (R0200), lena n-áirítear forlíontáin chaipitil (R0210), agus lena n-áirítear ceanglais chaipitil ghnóthais ó earnálacha airgeadais eile (R0500), ceanglas caipitil le haghaidh rannpháirtíocht neamhrialaithe (R0540), ceanglas caipitil le haghaidh gnóthais iarmharacha (R0550) agus ceanglais chaipitil le haghaidh gnóthais chomhinfheistíochta nó infheistíochtaí a dhéantar a phacáistiú mar chistí (R0555).
Faisnéis eile faoi SCR		
R0400/C0100	Ceanglas caipitil le haghaidh fhomhodúl rioscaí cothromais atá bunaithe ar an bhfad ama	Méid an cheanglais chaipitil le haghaidh fhomhodúl rioscaí cothromais atá bunaithe ar an bhfad ama.
R0410/C0100	Méid iomlán na gCeanglas barúlach um Chaipitil Sócmhainneachta le haghaidh na coda atá fágtha	Méid SCRanna barúlacha den chuid atá fágtha i gcás ina mbeidh RFF ag an ngrúpa.
R0420/C0100	Méid iomlán na gCeanglas barúlach maidir le Caipiteal Sócmhainneachta le haghaidh cistí imfhálaithe	Méid shuim SCRanna barúlacha de na cistí imfhálaithe uile i gcás ina mbeidh RFF ag grúpa (seachas iad siúd a bhaineann le gnó arna oibriú i gcomhréir le hAirteagal 4 de Threoir 2003/41/CE (idirthréimhseach)).
R0430/C0100	Méid iomlán na gCeanglas Barúlach um Chaipitil Sócmhainneachta le haghaidh punanna coigeartaithe meaitseála	Méid shuim SCRanna barúlacha de na punanna coigeartaithe meaitseála uile.
R0440/C0100	Éifeachtaí an éagsúlaithe i ngeall ar chomhiomlánú RFF nSCR le haghaidh Airteagal 304	Méid an choigeartaithe le haghaidh éifeacht an éagsúlaithe idir cistí imfhálaithe ("RFF") faoi Airteagal 304 de Threoir 2009/138/CE agus an chuid atá fágtha i gcás inarb infheidhme.
R0450/C0100	Modh a úsáidtear chun an coigeartú a ríomh ar coigeartú é atá i ngeall ar chomhiomlánú RFF/MAP nSCR	Modh a úsáidtear chun an coigeartú a ríomh ar coigeartú é atá i ngeall ar chomhiomlánú RFF nSCR. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Athríomh iomlán 2 — Simpliú ar leibhéal fomhodúil riosca 3 — Simpliú ar leibhéal riosca modúil 4 — Gan aon choigeartú I gcás nach mbeidh aon RFF ag an ngrúpa (nó nach mbeidh ach RFF faoi Airteagal 304 de Threoir 2009/138/CE) ag an ngnóthas, roghnóidh sé rogha 4.

	ÍTIM	TREORACHA
R0460/C0100	Glansochair lánroghnacha amach anseo	Méid forálacha teicniúla gan corrlach riosca i ndáil le sochair lánroghnacha amach anseo glan ar athárachas.
R0470/C0100	Ceanglas íosta maidir le caipiteal sócmhainneachta grúpa comhdhlúite	Méid an Cheanglais íosta maidir le Caipiteal Sócmhainneachta grúpa comhdhlúite mar a luaitear in Airteagal 230 de Threoir 2009/138/CE.
R0500/C0100	Ceanglas caipitil le haghaidh earnálacha airgeadais eile (ceanglais chaipitil neamhárachais)	Méid an cheanglais chaipitil le haghaidh earnálacha airgeadais eile. Tá coinne leis go mbeidh R0500 cothrom le suim R0510, R0520 agus R0530. Níl an mhír seo infheidhme maidir le tuairisciú grúpa ach amháin i gcás ina gcuireann an grúpa gnóthas san áireamh atá faoi réir cheanglais chaipitil neamhárachais, amhail banc, agus atá ina cheanglas caipitil arna ríomh i gcomhréir leis na ceanglais iomchuí.
R0510/C0100	Ceanglas caipitil le haghaidh earnálacha airgeadais eile (ceanglais chaipitil neamhárachais) — Institiúidí creidmheasa, gnólachtaí infheistíochta agus institiúidí airgeadais, bainisteoirí cistí infheistíochta malartacha, cuideachtaí bainistíochta GCUI	An méid ceanglais caipitil le haghaidh institiúidí creidmheasa, gnólachtaí infheistíochta agus institiúidí airgeadais. Níl an mhír sin infheidhme maidir le tuairisciú grúpa ach amháin i gcás ina gcuireann an grúpa san áireamh gnóthais ar institiúidí creidmheasa, gnólachtaí infheistíochta agus institiúidí airgeadais, bainisteoirí cistí infheistíochta malartacha agus cuideachtaí bainistíochta GCUI iad, atá faoi réir ceanglas caipitil, arna ríomh i gcomhréir leis na rialacha earnálacha ábhartha.
R0520/C0100	Ceanglas caipitil le haghaidh earnálacha airgeadais eile (Ceanglais chaipitil neamhárachais) — Institiúidí um chóir ar scor ceirde	An méid ceanglais caipitil le haghaidh institiúidí um chóir ar scor ceirde. Níl an mhír seo infheidhme maidir le tuairisciú grúpa ach amháin i gcás ina gcuireann an grúpa san áireamh gnóthais ar institiúidí um chóir ar scor ceirde iad atá faoi réir cheanglais chaipitil neamhárachais arna ríomh i gcomhréir leis na rialacha earnálacha ábhartha.
R0530/C0100	Ceanglas caipitil le haghaidh earnálacha airgeadais eile (ceanglais chaipitil neamhárachais) — Ceanglas caipitil le haghaidh gnóthas neamhrialáilte a dhéanann gníomhaíochtaí airgeadais	An méid ceanglais caipitil le haghaidh gnóthais neamhrialáilte a dhéanann gníomhaíochtaí airgeadais. Is ceanglas barúlach maidir le sócmhainneacht atá san fhigiúr sin, arna ríomh i gcás go raibh na rialacha earnálacha ábhartha le cur i bhfeidhm. Níl an mhír sin infheidhme maidir le tuairisciú grúpa ach amháin i gcás ina gcuireann an grúpa gnóthais san áireamh ar gnóthais rialáilte iad a dhéanann gníomhaíochtaí airgeadais.

	ÍTIM	TREORACHA
R0540/C0100	Ceanglas caipitil le haghaidh rannpháirtíochtaí neamhrialaithe	Méid sciar chomhréireach an Cheanglais um Chaipiteal Sócmhainneachta na ngnóthas gaolmhar árachais nó athárachais agus na gcuideachtaí sealbhaíochta árachais nó na gcuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha nach fochuideachtaí iad, i gcomhréir le hAirteagal 336 (1) (b) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35. Níl an mhír seo infheidhme ach amháin maidir le tuairisciú grúpa agus comhfhreagraíonn sé don cheanglas caipitil arna ríomh i gcomhréir le Sócmhainneacht 2, i gcás na n-eintiteas sin nach fochuideachtaí iad.
R0550/C0100	Ceanglas caipitil le haghaidh gnóthas iarmharach	An méid arna chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 336 (1) (d) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
R0555/C0100	Ceanglas caipitil le haghaidh gnóthas comhinfheistíochta nó infheistíochtaí a dhéantar a phacáistiú mar chistí	An méid arna chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 336 (1) (e) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
R0560/C0100	SCR le haghaidh gnóthas a áirítear tríd an modh A&C	Méid an Cheanglais maidir le Caipiteal Sócmhainneachta le haghaidh gnóthas a áirítear faoi mhodh 2 mar a shainmhínítear in Airteagal 233 de Threoir 2009/138/CE nuair a úsáidtear an meascán de mhodhanna.
R0570/C0100	Méid iomlán an Cheanglais um chaipiteal sócmhainneachta le haghaidh grúpa	SCR foriomlán le haghaidh na ngnóthas uile gan beann ar an modh arna úsáid. Tá coinne leis go bhfuil méid iomlán an cheanglais maidir le caipiteal sócmhainneachta le haghaidh grúpa cothrom le suim R0220 agus R0560. I gcás ina bhfuil an SCR grúpa comhdhlúite íosta (R0470) níos airde ná an SCR grúpa comhdhlúite (R0220), tá coinne leis ansin go bhfuil méid iomlán an cheanglais maidir le caipiteal sócmhainneachta le haghaidh grúpa cothrom le suim R0470 agus R0560.

S.25.05 – Ceanglas um Chaipiteal Sócmhainneachta - le haghaidh grúpaí a úsáideann samhail inmheánach (páirteach nó iomlán)

Barúlacha ginearálta:

Tá treoracha san Iarscríbhinn seo i ndáil leis na teimpléid a áirítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo. Sainaithnítear leis an gcéad cholún den chéad tábla eile na míreanna atá le tuairisciú trí na colúin agus na línte mar a thaispeántar sa teimplead in Iarscríbhinn I a shainaithint.

Baineann an iarscríbhinn seo le hoscailt agus le cur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh grúpaí, cistí imfhálaithe, punanna coigeartaithe meaitseála agus an chuid atá fágtha.

Tuairisceofar an teimplead seo bunaithe ar an infhaighteacht sonraí de réir ailtireacht inmheánach na samhla agus na próifíle riosca i gcás inar féidir le hiarracht réasúnach. Na sonraí a bheidh le tuairisciú, comhaontófar iad idir údaráis mhaoirseachta náisiúnta agus grúpaí.

Is é cuspóir an teimpléid seo sonraí a bhailiú ar leibhéal comhiomlán agus tairbhí an éagsúlaithe a thaispeáint idir modúil rioscaí ar leithligh. Ba cheart gach luach roimh aon iarmhairt cánach a thuairisciú mura sonraítear a mhalairt.

Maidir le tuairisciú grúpa, comhlíonfar na ceanglais shonracha a leanas:

a) Tá an fhaisnéis go dtí R0470 (S.25.05.04.02) infheidhme nuair a úsáidtear modh 1 mar a shainmhínítear in Airteagal 230 de Threoir 2009/138/CE, go heisiach nó i gcomhcheangal le modh 2 mar a shainmhínítear in Airteagal 233 de Threoir 2009/138/CE;

b) Nuair a úsáidtear modh comhcheangail, níl an fhaisnéis go dtí R0470 (S.25.05.04.02) le cur isteach ach amháin don pháirt den ghrúpa arna ríomh le modh 1 mar a shainmhínítear in Airteagal 230 de Threoir 2009/138/CE.

Níl teimpléad SR.25.05 infheidhme ach amháin maidir le RFF/MAP ó ghnóthais a chomhdhlúthaítear i gcomhréir le hAirteagal 335, mír 1, (a) agus (c) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, i gcás ina n-úsáidtear modh 1 (an modh bunaithe ar chomhdhlúthú cuntasaíochta), go heisiach nó i gcomhcheangal le modh 2 (an modh asbhainte agus comhiomlánaithe).

Samhail inmheánach pháirteach:

Tagraíonn gach sraith le haghaidh C0010 do mhéid an mhuirir caipitil le haghaidh gach comhpháirte gan beann ar an modh ríomha (foirmle chaighdeánach nó samhail inmheánach pháirteach), tar éis na gcoigeartuithe le haghaidh acmhainn ionsúcháin caillteanais ag foráil theicniúil agus/nó cánacha iarchurtha i gcás ina mbeidh siad leabaithe i ríomh na comhpháirte.

I gcás na gcomhpháirteanna Acmhainn ionsúcháin caillteanais ag forálacha teicniúla agus/nó cánacha iarchurtha i gcás ina dtuairisceofar iad mar chomhpháirt ar leithligh, ba cheart gurbh éard a bheidh ann méid na hacmhainne ionsúcháin caillteanais (ba cheart na méideanna sin a thuairisciú mar luachanna diúltacha)

I gcás comhpháirteanna a ríomhtar agus an fhoirmle chaighdeánach á húsáid, is é nSCR comhlán atá sa chill sin. I gcás comhpháirteanna a ríomhtar agus an tsamhail inmheánach pháirteach á úsáid, is é sin an luach agus na gníomhaíochtaí bainistíochta amach anseo i leith na gcomhpháirteanna á mbreithniú mar nithe atá leabaithe sa ríomh, ach nach luach é a bhfuil a x á samhaltú mar chomhpháirt ar leithligh.

Leis na méideanna sin, breithneofar go hiomlán éifeachtaí an éagsúlaithe de réir Airteagal 304 de Threoir 2009/138/CE, i gcás inarb infheidhme.

I gcás inarb infheidhme, ní áirítear sna cealla sin leithdháileadh an choigeartaithe i ngeall ar chomhiomlánú nSCR de RFF/MAP ar leibhéal eintitis.

Tuairisceofar teimpléad SR.25.05 de réir ciste imfhálaithe, punann coigeartaithe meaitseála agus an chuid atá fágtha le haghaidh gach grúpa faoi shamhail inmheánach pháirteach. Áirítear leis sin gnóthais ina gcuirtear samhail inmheánach pháirteach i bhfeidhm maidir le ciste imfhálaithe agus/nó punann coigeartaithe meaitseála iomlán agus ina bhfuil na cistí imfhálaithe agus/nó na punanna coigeartaithe meaitseála eile faoin bhfoirmle chaighdeánach. Ba cheart an teimpléad sin a thuairisciú le haghaidh na bhfochistí uile de RFF/MAP ábhartha mar a shainaithnítear sa dara tábla de S.01.03.

I gcás na ngrúpaí sin, arb amhlaidh faoi shamhail inmheánach pháirteach gurb infheidhme an coigeartú i ngeall ar chomhiomlánú nSCR de RFF/MAP maidir leis, i gcás ina mbeidh MAP nó RFF ag an eintiteas (seachas iad siúd faoi raon feidhme Airteagal 304 de Threoir 2009/138/CE), nuair atáthar ag tuairisciú ar leibhéal an ghnóthais iomláin, déanfar nSCR ar leibhéal modúil rioscaí agus an acmhainn ionsúcháin caillteanais (LAC) ag forálacha teicniúla agus cánacha iarchurtha atá le tuairisciú, a ríomh mar a leanas:

— I gcás ina gcuirfidh an gnóthas an coigeartú iomlán i bhfeidhm i ngeall ar chomhiomlánú nSCR de RFF/MAP ar leibhéal eintitis: déantar nSCR a ríomh mar shampla agus nach ann d'aon RFF agus ríomhfar LAC mar shuim LAC ar fud gach RFF/MAP agus na coda atá fágtha;

— I gcás ina gcuirfidh an gnóthas an Simpliú i bhfeidhm ag leibhéal fomhodúil rioscaí chun nSCR de RFF/MAP ar leibhéal eintitis a chomhiomlánú, ríomhtar nSCR agus LAC agus suimiú díreach á bhreithniú ag modh leibhéal an fhomhodúil,

— I gcás ina gcuirfidh an gnóthas an Simpliú i bhfeidhm ag leibhéal fomhodúil rioscaí chun nSCR de RFF/MAP ar leibhéal eintitis a chomhiomlánú, ríomhtar nSCR agus LAC agus suimiú díreach á bhreithniú ag modh leibhéal an mhodúil.

Déanfar an coigeartú i ngeall ar chomhiomlánú nSCR de RFF/MAP ar leibhéal eintitis a leithdháileadh (C0050) ar na modúil riosca ábhartha (i.e. riosca margaidh, riosca mainneachtana frithpháirtí, riosca frithgheallta saoil, riosca frithgheallta san árachas sláinte agus riosca frithgheallta neamhshaoil) nuair a ríomhtar iad de réir na foirmle caighdeánaí. Ríomhfar an méid atá le leithdháileadh ar gach modúil riosca ábhartha mar a leanas:

— Ríomh "thoisc q" $= \frac{adjustment}{BSCR' - nSCR_{int}}$, i gcás inarb amhlaidh gurb é

  — *adjustment* = Coigeartú arna ríomh de réir ceann de na trí mhodh dá dtagraítear thuas

  — *BSCR'* = Buncheanglas um chaipiteal sócmhainneachta arna ríomh de réir na faisnéise a thuairiscítear sa teimpléad seo

  — $nSCR_{int}$ = nSCR le haghaidh riosca sócmhainní doláimhsithe de réir na faisnéise a thuairiscítear sa teimpléad seo

— Iolrú na "tosca q" seo faoi nSCR gach modúil riosca ábhartha (i.e. riosca margaidh, riosca mainneachtana frithpháirtí, riosca frithgheallta saoil, riosca frithgheallta san árachas sláinte agus riosca frithgheallta neamhshaoil)

Samhail inmheánach iomlán:

Is gá teimpléad SR.25.05 a líonadh isteach le haghaidh gach ciste imfhálaithe (RFF), gach punainne coigeartaithe meaitseála (MAP) agus le haghaidh an chuid atá fágtha le haghaidh gach grúpa faoi shamhail inmheánach iomlán. I gcás ina mbeidh MAP/RFF leabaithe in RFF/MAP, áfach, ba cheart caitheamh leis an gciste mar chistí éagsúla. Ba cheart an teimpléad sin a thuairisciú le haghaidh na bhfochistí uile de RFF/MAP ábhartha mar a shainaithnítear sa dara tábla de S.01.03.

	ÍTIM	TREORACHA
Z0020	Ciste imfhálaithe, punann coigeartaithe meaitseála nó an chuid atá fágtha	Sainaithnítear leis cibé acu a bhaineann na figiúirí a thuairiscítear le RFF, punann coigeartaithe meaitseála nó leis an gcuid atá fágtha. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1– RFF/MAP 2 – An chuid atá fágtha
Z0030	Uimhir Chiste/Phunainne	I gcás ina bhfuil mír Z0020 = 1, uimhir aitheantais le haghaidh ciste imfhálaithe nó punann coigeartaithe meaitseála. Is é an gnóthas a shannann an uimhir sin agus ní mór di a bheith comhsheasmhach le himeacht ama agus leis an uimhir chiste/phunainne a thuairiscítear i dteimpléid eile. I gcás ina bhfuil mír Z0020 = 2, tuairiscigh "0"

	ÍTIM	TREORACHA
C0010/R0020	Éagsúlú iomlán	Méid éifeachtaí an éagsúlaithe idir modúil rioscaí. Ba cheart an méid sin a thuairisciú mar luach diúltach.
C0010/R0030	Riosca éagsúlaithe iomlán roimh cháin	An méid muirear caipitil éagsúlaithe roimh cháin. Mar an gcéanna le S.26.08.04 C0010/R0030.
C0010/R0040	Riosca éagsúlaithe iomlán tar éis cánach	An méid muirear caipitil éagsúlaithe tar éis cánach. Mar an gcéanna le S.26.08.04 C0010/R0040.
C0010/R0070	Riosca margaidh & creidmheasa iomlán	Mar an gcéanna le S.26.08.04 C0010/R0070.
C0010/R0080	Riosca Margaidh & Creidmheasa – éagsúlaithe	Mar an gcéanna le S.26.08.04 C0010/R0080.
C0010/R0190	Riosca teagmhais chreidmheasa nach gcumhdaítear i riosca margaidh & creidmheasa	Mar an gcéanna le S.26.08.04 C0010/R0190.
C0010/R0200	Riosca teagmhais chreidmheasa nach gcumhdaítear i riosca margaidh & creidmheasa - éagsúlaithe	Mar an gcéanna le S.26.08.04 C0010/R0200.
C0010/R0270	Riosca gnó iomlán	Mar an gcéanna le S.26.08.04 C0010/R0270.
C0010/R0280	Riosca Gnó iomlán - éagsúlaithe	Mar an gcéanna le S.26.08.04 C0010/R0280.
C0010/R0310	Glanriosca frithgheallta Neamhshaoil Iomlán	Mar an gcéanna le S.26.08.04 C0010/R0310.
C0010/R0320	Glanriosca frithgheallta Neamhshaoil iomlán - éagsúlaithe	Mar an gcéanna le S.26.08.04 C0010/R0320.
C0010/R0400	Riosca frithgheallta Saoil & Sláinte Iomlán	Mar an gcéanna le S.26.08.04 C0010/R0400.
C0010/R0410	Riosca frithgheallta Saoil & Sláinte iomlán - éagsúlaithe	Mar an gcéanna le S.26.08.04 C0010/R0410.

	ÍTIM	TREORACHA
C0010/R0480	Riosca Oibriúcháin Iomlán	Mar an gcéanna le S.26.08.04 C0010/R0480.
C0010/R0490	Riosca Oibriúcháin iomlán - éagsúlaithe	Mar an gcéanna le S.26.08.04 C0010/R0490.
C0010/R0500	Riosca eile	Mar an gcéanna le S.26.08.04 C0010/R0500.
C0050/R0020-R0530	Leithdháileadh ó choigeartuithe i ngeall ar RFF agus punanna coigeartaithe meaitseála	I gcás inarb infheidhme, cuid den choigeartú a leithdháiltear ar gach modúl agus fomhodúl riosca de réir an nós imeachta ar a dtugtar tuairisc sna barúlacha ginearálta. Beidh an méid sin deimhneach. Is infheidhme i gcás samhlacha inmheánacha páirteacha amháin.
C0060/R0020-R0530	Breithniú na ngníomhaíochtaí bainistíochta amach anseo maidir le forálacha teicniúla agus/nó cánacha iarchurtha	Chun a shainaithint an bhfuil na gníomhaíochtaí bainistíochta amach anseo a bhaineann le hacmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla agus/nó cánacha iarchurtha leabaithe sa ríomh. Úsáidfear an liosta iata roghanna seo a leanas: 1 – Gníomhaíochtaí bainistíochta amach anseo maidir le hacmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla atá leabaithe sa chomhpháirt 2 – Gníomhaíochtaí bainistíochta amach anseo maidir le hacmhainneacht ionsúcháin caillteanais cánacha iarchurtha atá leabaithe sa chomhpháirt 3 – Gníomhaíochtaí bainistíochta amach anseo maidir le hacmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla agus cánacha iarchurtha atá leabaithe sa chomhpháirt 4 – Gan breithniú leabaithe ar ghníomhaíochtaí bainistíochta amach anseo.
C0070/R0020-R0530	Méid arna shamhaltú	I gcás gach comhpháirte, léirítear leis an gcill sin an méid arna ríomh de réir na samhla inmheánaí páirtí. Is infheidhme i gcás samhlacha inmheánacha páirteacha amháin.
R0110/C0100	Comhpháirteanna neamhéagsúlaithe iomlána	Suim na gcomhpháirteanna uile.
R0060/C0100	An tÉagsúlú	Méid iomlán an éagsúlaithe i measc comhpháirteanna arna dtuairisciú in C0030. Ní áirítear leis an méid sin iarmhairtí an éagsúlaithe laistigh de gach comhpháirt, a dhéanfar a leabú sna luachanna arna dtuairisciú in C0030. Ba cheart an méid sin a thuairisciú mar luach diúltach.
R0120/C0100	Coigeartú i ngeall ar chomhiomlánú nSCR RFF/MAP	I gcás inarb infheidhme, coigeartú chun an claonadh ar ríomh SCR a cheartú, ar claonadh i ngeall ar chomhiomlánú nSCR RFF/MAP ar leibhéal modúil rioscaí atá ann. Is infheidhme i gcás samhlacha inmheánacha páirteacha amháin.

	ÍTIM	TREORACHA
R0160/C0100	Ceanglas caipitil le haghaidh gnó arna oibriú i gcomhréir le hAirt. 4 de Threoir 2003/41/CE	Méid an cheanglais caipitil, arna ríomh i gcomhréir leis na rialacha a shonraítear in Airteagal 17 de Threoir 2003/41/CE, le haghaidh cistí imfhálaithe a bhaineann le gnó pinsin arna oibriú faoi Airteagal 4 de Threoir 2003/41/CE a gcuirtear bearta idirthréimhseacha i bhfeidhm ina leith. Níl an ítim sin le tuairisciú ach amháin le linn na hidirthréimhse.
R0200/C0100	Ceanglas um Chaipiteal Sócmhainneachta arna ríomh ar bhonn Airt. 336 (a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, gan forlíontán caipitil san áireamh	Méid an SCR, roimh aon fhorlíontán caipitil, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 336 (a), i.e. ar bhonn sonraí comhdhlúite dá dtagraítear in Airteagal 335 (1) pointí (a), (b) agus (c) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 lena n-áirítear sonraí maidir le gnóthais chomhinfheistíochta rialaithe agus infheistíochtaí a dhéantar a phacáistiú mar chistí.
R0210/C0100	Forlíontáin chaipitil atá socraithe cheana féin	Méid an fhorlíontáin chaipitil a bhí socraithe ag an dáta tagartha tuairiscithe. Ní áirítear leis forlíontáin chaipitil arna socrú idir an dáta sin agus an tráth a chuirtear na sonraí faoi bhráid an údaráis mhaoirseachta.
R0211/C0100	De sin, forlíontáin chaipitil atá socraithe cheana féin - Airteagal 37 (1) Cineál a	Méid an fhorlíontáin caipitil de chineál (a) i gcomhréir le hAirteagal 37 (1) de Threoir 2009/138/CE (2014/51/AE) a bhí socraithe an dáta tagartha tuairiscithe. Ní áirítear leis forlíontáin chaipitil arna socrú idir an dáta sin agus an tráth a chuirtear na sonraí faoi bhráid an údaráis mhaoirseachta, ná aon fhorlíontán caipitil arna shocrú tar éis do na sonraí a bheith curtha faoi bhráid an údaráis.
R0212/C0100	De sin, forlíontáin chaipitil atá socraithe cheana féin - Airteagal 37 (1) Cineál b	Méid an fhorlíontáin caipitil de chineál (b) i gcomhréir le hAirteagal 37 (1) de Threoir 2009/138/CE (2014/51/AE) a bhí socraithe an dáta tagartha tuairiscithe. Ní áirítear leis forlíontáin chaipitil arna socrú idir an dáta sin agus an tráth a chuirtear na sonraí faoi bhráid an údaráis maoirseachta, ná aon fhorlíontán caipitil arna shocrú tar éis do na sonraí a bheith curtha faoi bhráid an údaráis.
R0213/C0100	De sin, forlíontáin chaipitil atá socraithe cheana féin - Airteagal 37 (1) Cineál c	Méid an fhorlíontáin caipitil de chineál (c) i gcomhréir le hAirteagal 37 (1) de Threoir 2009/138/CE (2014/51/AE) a bhí socraithe an dáta tagartha tuairiscithe. Ní áirítear leis forlíontáin chaipitil arna socrú idir an dáta sin agus an tráth a chuirtear na sonraí faoi bhráid an údaráis maoirseachta, ná aon fhorlíontán caipitil arna shocrú tar éis do na sonraí a bheith curtha faoi bhráid an údaráis.
R0214/C0100	De sin, forlíontáin chaipitil atá socraithe cheana féin - Airteagal 37 (1) Cineál d	Méid an fhorlíontáin caipitil de chineál (d) i gcomhréir le hAirteagal 37 (1) de Threoir 2009/138/CE (2014/51/AE) a bhí socraithe an dáta tagartha tuairiscithe. Ní áirítear leis forlíontáin chaipitil arna socrú idir an dáta sin agus an tráth a chuirtear na sonraí faoi bhráid an údaráis maoirseachta, ná aon fhorlíontán caipitil arna shocrú tar éis do na sonraí a bheith curtha faoi bhráid an údaráis.

	ÍTIM	TREORACHA
R0220/C0100	SCR Grúpa Comhdhlúite	Ceanglas foriomlán maidir le caipiteal sócmhainneachta lena n-áirítear forlíontáin chaipitil le haghaidh gnóthas faoi mhodh 1 mar a shainmhínítear in Airteagal 230 de Threoir 2009/138/CE. Áireofar leis gach comhpháirt den SCR comhdhlúite, lena n-áirítear ceanglais chaipitil ghnóthais ó earnálacha airgeadais eile, ceanglas caipitil le haghaidh rannpháirtíochta neamhrialaithe, ceanglas caipitil le haghaidh gnóthas iarmharach agus ceanglas caipitil le haghaidh gnóthas comhinfheistíochta ar infheistíochtaí a dhéantar a phacáistiú mar chistí.

Faisnéis eile faoi SCR

R0300/C0100	Méid na hacmhainne/meastachán den acmhainn ionsúcháin caillteanais foriomlán ag forálacha teicniúla	Méid an choigeartaithe fhoriomláin/Meastachán de le haghaidh na hacmhainne ionsúcháin caillteanais ag forálacha teicniúla, lena n-áirítear an chuid atá leabaithe sna comhpháirteanna agus an chuid arna tuairisciú mar chomhpháirt aonair. Déanfar an méid sin a thuairisciú mar mhéid diúltach.
R0310/C0100	Méid na hacmhainne/meastachán den acmhainn ionsúcháin caillteanais le haghaidh cánacha iarchurtha	Méid an choigeartaithe fhoriomláin/Meastachán de le haghaidh cánacha iarchurtha, lena n-áirítear an chuid atá leabaithe sna comhpháirteanna agus an chuid arna tuairisciú mar chomhpháirt aonair. Déanfar an méid sin a thuairisciú mar mhéid diúltach.
R0400/C0100	An ceanglas caipitil le haghaidh fhomhodúl rioscaí cothromais atá bunaithe ar an bhfad ama	Méid an cheanglais chaipitil le haghaidh fhomhodúl rioscaí cothromais atá bunaithe ar an bhfad ama. Is infheidhme i gcás samhlacha inmheánacha páirteacha amháin.
R0410/C0100	Méid iomlán na gCeanglas barúlach um Chaipitil Sócmhainneachta le haghaidh na coda atá fágtha	Méid SCRanna barúlacha (nSCRanna) den chuid atá fágtha i gcás ina mbeidh RFF ag gnóthas.
R0420/C0100	Méid iomlán na gCeanglas Barúlach um Chaipitil Sócmhainneachta le haghaidh cistí imfhálaithe	Méid shuim SCRanna barúlacha de na cistí imfhálaithe uile i gcás ina mbeidh RFF ag gnóthas (seachas iad siúd a bhaineann le gnó arna oibriú i gcomhréir le hAirteagal 4 de Threoir 2003/41/CE (idirthréimhseach)).
R0430/C0100	Méid iomlán na gCeanglas Barúlach um Chaipitil Sócmhainneachta le haghaidh punanna coigeartaithe meaitseála	Méid shuim SCRanna barúlacha de na punanna coigeartaithe meaitseála uile Ní gá an ítim sin a thuairisciú agus SCR á ríomh ag leibhéal RFF ná punainne coigeartaithe meaitseála.
R0440/C0100	Éifeachtaí an éagsúlaithe i ngeall ar chomhiomlánú RFF nSCR le haghaidh Airteagal 304	Méid an choigeartaithe le haghaidh iarmhairt an éagsúlaithe idir cistí imfhálaithe faoi Airteagal 304 de Threoir 2009/138/CE agus an chuid atá fágtha i gcás inarb infheidhme. Beidh sé cothrom leis an difríocht idir shuim nSCR le haghaidh gach RFF/MAP/RP agus SCR arna thuairisciú in R0200/C0100.

	ÍTIM	TREORACHA
R0450/C0100	Modh a úsáidtear chun an coigeartú a ríomh ar coigeartú é atá i ngeall ar chomhiomlánú RFF nSCR	Modh a úsáidtear chun an coigeartú a ríomh ar coigeartú é atá i ngeall ar chomhiomlánú RFF nSCR. Úsáidfear ceann de na roghanna seo a leanas: 1 – Athríomh iomlán 2 – Simpliú ag leibhéal riosca fomhodúil 3 – Simpliú ag leibhéal riosca mhodúil 4 – Gan aon choigeartú I gcás nach mbeidh aon RFF ag an ngnóthas (nó nach mbeidh ach RFF faoi Airteagal 304 de Threoir 2009/138/CE) ag an ngnóthas, roghnóidh sé rogha 4. Is infheidhme i gcás samhlacha inmheánacha páirteacha amháin.
R0460/C0100	Glansochair lánroghnacha amach anseo	Méid forálacha teicniúla gan corrlach riosca i ndáil le sochair lánroghnacha amach anseo glan ar athárachas.
R0470/C0100	Ceanglas íosta maidir le caipiteal sócmhainneachta grúpa comhdhlúite	Méid an íos-Cheanglais um Chaipiteal Sócmhainneachta grúpa comhdhlúite mar a luaitear in Airt. 230 de Threoir 2009/138/CE. Níl an mhír sin infheidhme ach maidir le tuairisciú grúpa agus sin amháin.
R0500/C0100	Ceanglas caipitil le haghaidh earnálacha airgeadais eile (Ceanglais chaipitil neamhárachais)	Méid an cheanglais chaipitil le haghaidh earnálacha airgeadais eile. Níl an mhír seo infheidhme maidir le tuairisciú grúpa ach amháin i gcás ina gcuireann an grúpa gnóthas san áireamh atá faoi réir ceanglais chaipitil neamhárachais, mar shampla banc, agus atá ina cheanglas caipitil arna ríomh i gcomhréir leis na ceanglais iomchuí.
R0510/C0100	Ceanglas caipitil le haghaidh earnálacha airgeadais eile (Ceanglais chaipitil neamhárachais) - Institiúidí creidmheasa, gnólachtaí infheistíochta agus institiúidí airgeadais, bainisteoirí cistí infheistíochta malartacha, cuideachtaí bainistíochta GCUI	An méid ceanglais caipitil le haghaidh institiúidí creidmheasa, gnólachtaí infheistíochta agus institiúidí airgeadais. Níl an mhír sin infheidhme maidir le tuairisciú grúpa ach amháin i gcás ina gcuireann an grúpa san áireamh gnóthais ar institiúidí creidmheasa, gnólachtaí infheistíochta agus institiúidí airgeadais, bainisteoirí cistí infheistíochta malartacha agus cuideachtaí bainistíochta GCUI iad, atá faoi réir ceanglas caipitil, arna ríomh i gcomhréir leis na rialacha earnálacha ábhartha.
R0520/C0100	Ceanglas caipitil le haghaidh earnálacha airgeadais eile (Ceanglais chaipitil neamhárachais) - Institiúidí um chóir ar scor ceirde	An méid ceanglais caipitil le haghaidh institiúidí um chóir ar scor ceirde. Níl an mhír seo infheidhme maidir le tuairisciú grúpa ach amháin i gcás ina gcuireann an grúpa san áireamh gnóthais ar institiúidí um chóir ar scor ceirde iad atá faoi réir ceanglais chaipitil neamhárachais arna ríomh i gcomhréir leis na rialacha earnálacha ábhartha.

	ÍTIM	TREORACHA
R0530/C0100	Ceanglas caipitil le haghaidh earnálacha airgeadais eile (Ceanglais chaipitil neamhárachais) - Ceanglas caipitil le haghaidh gnóthais neamhrialáilte a dhéanann gníomhaíochtaí airgeadais	An méid ceanglais caipitil le haghaidh gnóthais neamhrialáilte a dhéanann gníomhaíochtaí airgeadais. Is ceanglas barúlach maidir le sócmhainneacht atá san fhigiúr sin, arna ríomh i gcás go raibh na rialacha earnálacha ábhartha le cur i bhfeidhm. Níl an mhír sin infheidhme maidir le tuairisciú grúpa ach amháin i gcás ina n-áirítear leis an ngrúpa gnóthais ar eintitis neamhrialáilte iad a dhéanann gníomhaíochtaí airgeadais.
R0540/C0100	Ceanglas caipitil le haghaidh rannpháirtíocht neamhrialaithe	Méid sciar chomhréireach na gCeanglas um Chaipiteal Sócmhainneachta na ngnóthas gaolmhar árachais nó athárachais agus na gcuideachtaí sealbhaíochta árachais nó na gcuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha nach fochuideachtaí iad.
R0550/C0100	Ceanglas caipitil le haghaidh gnóthas iarmharach	An méid arna chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 336 (1) (d) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
R0555/C0100	Ceanglas caipitil le haghaidh gnóthas comhinfheistíochta nó infheistíochtaí a dhéantar a phacáistiú mar chistí	An méid arna chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 336 (1) (e) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
R0560/C0100	SCR le haghaidh gnóthas a áirítear tríd an modh A&C	Méid an Cheanglais maidir le Caipiteal Sócmhainneachta le haghaidh gnóthas a áirítear faoi mhodh 2 mar a shainmhínítear in Airteagal 233 de Threoir 2009/138/CE nuair a úsáidtear an meascán de mhodhanna.
R0570/C0100	Méid iomlán an Cheanglais um chaipiteal sócmhainneachta le haghaidh grúpa	SCR foriomlán le haghaidh na ngnóthas uile gan beann ar an modh arna úsáid. Tá coinne leis go bhfuil méid iomlán an cheanglais maidir le caipiteal sócmhainneachta le haghaidh grúpa cothrom le suim R0220 agus R0560. I gcás ina bhfuil an SCR grúpa comhdhlúite íosta (R0470) níos airde ná an SCR grúpa comhdhlúite (R0220), tá coinne leis ansin go bhfuil méid iomlán an cheanglais maidir le caipiteal sócmhainneachta le haghaidh grúpa cothrom le suim R0470 agus R0560.

S.26.01 — Ceanglas um Chaipiteal Sócmhainneachta — Riosca margaidh

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh grúpaí, cistí imfhálaithe, punanna coigeartaithe meaitseála agus an chuid atá fágtha.

Is gá teimpléad SR.26.01 a líonadh isteach le haghaidh gach ciste imfhálaithe (RFF), gach punainne coigeartaithe meaitseála (MAP) agus le haghaidh an chuid atá fágtha. I gcás ina mbeidh MAP/RFF leabaithe in RFF/MAP, áfach, ba cheart caitheamh leis an gciste mar chistí éagsúla. Déanfar an teimpléad sin a thuairisciú le haghaidh na bhfochistí uile de RFF/MAP ábhartha mar a shainaithnítear sa dara tábla de S.01.03.

Níl teimpléad S.26.01 infheidhme ach amháin maidir le RFF/MAP ó ghnóthais a chomhdhlúthaítear i gcomhréir le hAirteagal 335, mír 1, (a), (b) agus (c) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, i gcás ina n-úsáidtear modh 1 (an modh bunaithe ar chomhdhlúthú cuntasaíochta), go heisiach nó i gcomhcheangal le modh 2 (an modh asbhainte agus comhiomlánaithe).

Méideanna roimh thurraing agus ina diaidh, líonfar isteach iad leis an méid sócmhainní agus dliteanas atá íogair ó thaobh na turrainge sin. I gcás na ndliteanas, déanfar an measúnú ar an leibhéal is mionsonraithe atá ar fáil idir conradh agus grúpa riosca aonfhoirmeach. Ciallaíonn sé sin má bhíonn conradh/grúpa riosca aonfhoirmeach íogair ó thaobh na turrainge, déanfar an méid dliteanas atá bainteach leis an gconradh/ngrúpa riosca aonfhoirmeach sin a thuairisciú mar mhéid atá íogair ó thaobh na turrainge sin.

Maidir le tuairisciú grúpa, comhlíonfar na ceanglais shonracha a leanas:

a) Tá an fhaisnéis seo infheidhme nuair a úsáidtear modh 1 mar a shainmhínítear in Airteagal 230 de Threoir 2009/138/CE, go heisiach nó i gcomhcheangal le modh 2 mar a shainmhínítear in Airteagal 233 de Threoir 2009/138/CE;

b) I gcás ina n-úsáidfear modh comhcheangail, níl an fhaisnéis seo le cur isteach ach amháin le haghaidh an chuid den ghrúpa arna ríomh de réir mhodh 1 mar a shainmhínítear in Airteagal 230 de Threoir 2009/138/CE, agus;

c) Níl feidhm ag an bhfaisnéis seo maidir le grúpaí i gcás ina mbeidh modh 2 mar a shainmhínítear in Airteagal 233 de Threoir 2009/138/CE á úsáid go heisiach.

	ÍTIM	TREORACHA
Z0010	Airteagal 112	Sainaithnítear leis cé acu a iarradh nó nár iarradh na figiúirí tuairiscithe faoi Airteagal 112(7), chun meastachán ar SCR a sholáthar agus an fhoirmle chaighdeánach á húsáid. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Tuairisciú Airteagal 112(7) 2 — Tuairisciú tráthrialta
Z0020	Ciste imfhálaithe, punann coigeartaithe meaitseála nó an chuid atá fágtha	Sainaithnítear leis cibé acu a bhaineann na figiúirí a thuairiscítear le RFF, punann coigeartaithe meaitseála nó leis an gcuid atá fágtha. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — RFF/MAP 2 — An chuid atá fágtha
R0420/C0030	Dearbhluachanna tosaigh roimh thurraing — Dliteanais — Riosca dul i léig in árachas sláinte SLT — riosca an laghdaithe ar dhul i léig	Is é sin dearbhluach na ndliteanas atá íogair ó thaobh an riosca go dtiocfaidh laghdú buan ar rátaí dul i léig, roimh an turraing. Beidh an méid Forálacha teicniúla glan ó mhéideanna in-aisghabhála athárachais agus MSC.
R0420/C0040	Dearbhluachanna i ndiaidh turrainge — Sócmhainní — Riosca dul i léig in árachas sláinte SLT — riosca an laghdaithe ar dhul i léig	Is é sin dearbhluach na sócmhainní atá íogair ó thaobh an riosca go dtiocfaidh laghdú buan ar rátaí dul i léig, i ndiaidh na turrainge (i.e. laghdú buan ar rátaí dul i léig). Ní áireofar sa chill seo méideanna in-aisghabhála ó athárachas agus MSCanna.
R0420/C0050	Dearbhluachanna i ndiaidh turrainge — Dliteanais (i ndiaidh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla) — Riosca dul i léig in árachas sláinte SLT — riosca an laghdaithe ar dhul i léig	Is é sin dearbhluach na ndliteanas (i ndiaidh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla) atá íogair ó thaobh an riosca go dtiocfaidh laghdú buan ar rátaí dul i léig, i ndiaidh na turrainge (i.e. laghdú buan ar rátaí dul i léig). Beidh an méid Forálacha teicniúla glan ó mhéideanna in-aisghabhála athárachais agus MSC.
R0420/C0060	Dearbhluach i ndiaidh turrainge — Glancheanglas um chaipiteal sócmhainneachta — Riosca dul i léig in árachas sláinte SLT — riosca an laghdaithe ar dhul i léig	Is é sin an glanmhuirear caipitil le haghaidh an riosca go dtiocfaidh laghdú buan ar rátaí dul i léig, i ndiaidh an choigeartaithe i leith acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla. Má tá R0050/C0010 = 1, léirítear leis an mír sin an glanmhuirear caipitil le haghaidh laghdú buan ar rátaí dul i léig in árachas sláinte SLT dá dtagraítear i dTeideal I Caibidil V Roinn 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, arna ríomh agus an ríomh simplithe á úsáid le haghaidh ráta dul i léig in árachas sláinte SLT
R0420/C0070	Dearbhluach i ndiaidh turrainge — Dliteanais (roimh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla) — Riosca dul i léig in árachas sláinte SLT — riosca an laghdaithe ar dhul i léig	Is é sin dearbhluach na ndliteanas (roimh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla) atá íogair ó thaobh an riosca go dtiocfaidh laghdú buan ar rátaí dul i léig, i ndiaidh na turrainge (laghdú buan ar rátaí dul i léig). Beidh an méid Forálacha teicniúla glan ó mhéideanna in-aisghabhála athárachais agus MSC.
R0420/C0080	Dearbhluach i ndiaidh turrainge — Ceanglas comhlán um chaipiteal sócmhainneachta — Riosca dul i léig in árachas sláinte SLT — riosca an laghdaithe ar dhul i léig	Is é sin an muirear caipitil comhlán (roimh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla) le haghaidh an riosca go dtiocfaidh laghdú buan ar rátaí dul i léig. Má tá R0050/C0010 = 1, léirítear leis an mír sin an muirear caipitil comhlán le haghaidh laghdú buan ar rátaí dul i léig in árachas sláinte SLT dá dtagraítear i dTeideal I Caibidil V Roinn 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, arna ríomh agus an ríomh simplithe á úsáid le haghaidh ráta dul i léig in árachas sláinte SLT.

	ÍTIM	TREORACHA
R0430/C0020	Dearbhluachanna tosaigh roimh thurraing — Sócmhainní — Riosca dul i léig in árachas sláinte SLT — ollriosca dul i léig	Is é sin dearbhluach na sócmhainní atá íogair ó thaobh an ollriosca dul i léig, roimh an turraing. Ní áireofar sa chill seo méideanna in-aisghabhála ó athárachas agus MSCanna.
R0430/C0030	Dearbhluachanna tosaigh roimh thurraing — Dliteanais — Riosca dul i léig in árachas sláinte SLT — ollriosca dul i léig	Is é sin dearbhluach na ndliteanas atá íogair ó thaobh an ollriosca dul i léig, roimh an turraing. Beidh an méid Forálacha teicniúla glan ó mhéideanna in-aisghabhála athárachais agus MSC.
R0430/C0040	Dearbhluachanna i ndiaidh turrainge — Sócmhainní — Riosca dul i léig in árachas sláinte SLT — ollriosca dul i léig	Is é sin dearbhluach na sócmhainní atá íogair ó thaobh an ollriosca dul i léig, i ndiaidh na turrainge. Ní áireofar sa chill seo méideanna in-aisghabhála ó athárachas agus MSCanna.
R0430/C0050	Dearbhluachanna i ndiaidh turrainge — Dliteanais (i ndiaidh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla) — Riosca dul i léig in árachas sláinte SLT — ollriosca dul i léig	Is é sin dearbhluach na ndliteanas (i ndiaidh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla) atá íogair ó thaobh an ollriosca dul i léig, i ndiaidh na turrainge. Beidh an méid Forálacha teicniúla glan ó mhéideanna in-aisghabhála athárachais agus MSC.
R0430/C0060	Dearbhluach i ndiaidh turrainge — Glancheanglas um chaipiteal sócmhainneachta — Riosca dul i léig in árachas sláinte SLT — ollriosca dul i léig	Is é sin an glanmhuirear caipitil le haghaidh riosca dul i léig in árachas sláinte SLT — ollriosca dul i léig dá dtagraítear in dTeideal I Caibidil V Roinn 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, i ndiaidh an choigeartaithe i leith acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla.
R0430/C0070	Dearbhluach i ndiaidh turrainge — Dliteanais (i ndiaidh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla) — Riosca dul i léig san árachas sláinte — ollriosca dul i léig	Is é sin dearbhluach na ndliteanas (roimh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla) atá íogair ó thaobh an ollriosca dul i léig, i ndiaidh na turrainge. Beidh an méid Forálacha teicniúla glan ó mhéideanna in-aisghabhála athárachais agus MSC.
R0430/C0080	Dearbhluach i ndiaidh turrainge — Ceanglas comhlán um chaipiteal sócmhainneachta — Riosca dul i léig in árachas sláinte SLT — ollriosca dul i léig	Is é sin an muirear caipitil comhlán (gan acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla a áireamh) le haghaidh riosca dul i léig in árachas sláinte SLT — ollriosca dul i léig dá dtagraítear in dTeideal I Caibidil V Roinn 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.

	ÍTIM	TREORACHA
R0500/C0020	Dearbhluachanna tosaigh roimh thurraing — Sócmhainní — Riosca costais san árachas sláinte	Is é sin dearbhluach na sócmhainní atá íogair ó thaobh an riosca costais, roimh an turraing. Ní áireofar sa chill seo méideanna in-aisghabhála ó athárachas agus MSCanna.
R0500/C0030	Dearbhluachanna tosaigh roimh thurraing — Dliteanais — Riosca costais san árachas sláinte	Is é sin dearbhluach na ndliteanas atá íogair ó thaobh an riosca costais, roimh an turraing. Beidh an méid Forálacha teicniúla glan ó mhéideanna in-aisghabhála athárachais agus MSC.
R0500/C0040	Dearbhluachanna i ndiaidh turrainge — Sócmhainní — Riosca costais san árachas sláinte	Is é sin dearbhluach na sócmhainní atá íogair ó thaobh an riosca costais san árachas sláinte, i ndiaidh na turrainge. Ní áireofar sa chill seo méideanna in-aisghabhála ó athárachas agus MSCanna.
R0500/C0050	Dearbhluachanna i ndiaidh turrainge — Dliteanais (i ndiaidh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla) — Riosca costais san árachas sláinte	Is é sin dearbhluach na ndliteanas (i ndiaidh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla) atá braiteach ar an riosca costais san árachas sláinte, i ndiaidh na turrainge. Beidh an méid Forálacha teicniúla glan ó mhéideanna in-aisghabhála athárachais agus MSC.
R0500/C0060	Dearbhluach i ndiaidh turrainge — Glancheanglas um chaipiteal sócmhainneachta — Riosca costais san árachas sláinte	Is é sin an glanmhuirear caipitil le haghaidh riosca costais san árachas sláinte, i ndiaidh an choigeartaithe i leith acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla. Má tá R0060/C0010 = 1, léirítear leis an mír sin an glanmhuirear caipitil le haghaidh riosca costais san árachas sláinte arna ríomh agus ríomhanna simplithe á n-úsáid.
R0500/C0070	Dearbhluach i ndiaidh turrainge — Dliteanais (roimh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla) — Riosca costais san árachas sláinte	Is é sin dearbhluach na ndliteanas (roimh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla) atá íogair ó thaobh an mhuirir riosca costais san árachas sláinte, i ndiaidh na turrainge. Beidh an méid Forálacha teicniúla glan ó mhéideanna in-aisghabhála athárachais agus MSC.
R0500/C0080	Dearbhluach i ndiaidh turrainge — Ceanglas comhlán um chaipiteal sócmhainneachta — Riosca costais san árachas sláinte	Is é sin an muirear caipitil comhlán (gan acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla a áireamh) le haghaidh riosca costais san árachas sláinte. Má tá R0060/C0010 = 1, léirítear leis an mír sin an muirear caipitil comhlán le haghaidh riosca costais san árachas sláinte arna ríomh agus ríomhanna simplithe á n-úsáid.
R0600/C0020	Dearbhluachanna tosaigh roimh thurraing — Sócmhainní — Riosca athbhreithnithe san árachas sláinte	Is é sin dearbhluach na sócmhainní atá íogair ó thaobh an riosca athbhreithnithe san árachas sláinte, roimh an turraing. Ní áireofar sa chill seo méideanna in-aisghabhála ó athárachas agus MSCanna.

	ÍTIM	TREORACHA
R0600/C0030	Dearbhluachanna tosaigh roimh thurraing — Dliteanais — Riosca athbhreithnithe san árachas sláinte	Is é sin dearbhluach na ndliteanas atá íogair ó thaobh an mhuirir riosca athbhreithnithe san árachas sláinte, roimh an turraing. Beidh an méid Forálacha teicniúla glan ó mhéideanna in-aisghabhála athárachais agus MSC.
R0600/C0040	Dearbhluachanna i ndiaidh turrainge — Sócmhainní — Riosca athbhreithnithe san árachas sláinte	Is é sin dearbhluach na sócmhainní atá íogair ó thaobh an riosca athbhreithnithe san árachas sláinte, i ndiaidh na turrainge. Ní áireofar sa chill seo méideanna in-aisghabhála ó athárachas agus MSCanna.
R0600/C0050	Dearbhluachanna i ndiaidh turrainge — Dliteanais (i ndiaidh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla) — Riosca athbhreithnithe san árachas sláinte	Is é sin dearbhluach na ndliteanas (i ndiaidh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla) atá íogair ó thaobh an riosca athbhreithnithe san árachas sláinte, i ndiaidh na turrainge. Beidh an méid Forálacha teicniúla glan ó mhéideanna in-aisghabhála athárachais agus MSC.
R0600/C0060	Dearbhluach i ndiaidh turrainge — Glancheanglas um chaipiteal sócmhainneachta — Riosca athbhreithnithe san árachas sláinte	Is é sin an glanmhuirear caipitil le haghaidh riosca athbhreithnithe san árachas sláinte, i ndiaidh an choigeartaithe i leith acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla.
R0600/C0070	Dearbhluach i ndiaidh turrainge — Dliteanais (roimh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla) — Riosca athbhreithnithe san árachas sláinte	Is é sin dearbhluach na ndliteanas (roimh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla) atá íogair ó thaobh an mhuirir riosca athbhreithnithe san árachas sláinte, i ndiaidh na turrainge (i.e. mar a fhorordaítear leis an bhfoirmle chaighdeánach, méadú % ar an méid is iníoctha gach bliain le haghaidh blianachtaí atá nochta don riosca athbhreithnithe). Beidh an méid Forálacha teicniúla glan ó mhéideanna in-aisghabhála athárachais agus MSC.
R0600/C0080	Dearbhluach i ndiaidh turrainge — Ceanglas comhlán um chaipiteal sócmhainneachta — Riosca athbhreithnithe san árachas sláinte	Is é sin an muirear caipitil comhlán (roimh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla) le haghaidh riosca athbhreithnithe san árachas sláinte.
R0700/C0060	Éagsúlú laistigh den mhodúl riosca frithgheallta in árachas sláinte SLT — Glan	Is é sin éifeacht an éagsúlaithe laistigh den mhodúl riosca frithgheallta in árachas sláinte SLT dá dtagraítear i dTeideal I Caibidil V Roinn 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, de thoradh chomhiomlánú ghlancheanglais chaipitil na bhfomhodúl riosca aonair (i ndiaidh an choigeartaithe i leith acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla). Tuairisceofar an t-éagsúlú mar luach diúltach má laghdaíonn sé ar an gceanglas caipitil.

	ÍTIM	TREORACHA
R0700/C0080	Éagsúlú laistigh den mhodúl riosca frithgheallta in árachas sláinte SLT — Comhlán	Is é sin éifeacht an éagsúlaithe laistigh den mhodúl riosca frithgheallta in árachas sláinte SLT dá dtagraítear i dTeideal I Caibidil V Roinn 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, de thoradh chomhiomlánú cheanglais chaipitil chomhlána na bhfomhodúl riosca aonair (roimh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla). Tuairisceofar an t-éagsúlú mar luach diúltach má laghdaíonn sé ar an gceanglas caipitil.
R0800/C0060	Glanchleanglais um chaipiteal sócmhainneachta — Riosca frithgheallta in árachas sláinte SLT	Is é sin an glanmhuirear caipitil iomlán le haghaidh riosca frithgheallta in árachas sláinte SLT dá dtagraítear in dTeideal I Caibidil V Roinn 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, i ndiaidh an choigeartaithe i leith acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla.
R0800/C0080	Ceanglas comhlán um chaipiteal sócmhainneachta — Riosca frithgheallta in árachas sláinte SLT	Is é sin an muirear caipitil comhlán iomlán le haghaidh riosca frithgheallta in árachas sláinte SLT, roimh an gcoigeartú i leith acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla.
Mionsonraí breise maidir le riosca athbhreithnithe		
R0900/C0090	USP maidir le turraing athbhreithnithe	Turraing athbhreithnithe — paraiméadar a bhaineann go sonrach leis an ngrúpa arna ríomh ag an ngrúpa agus arna fhormheas ag an údarás maoirseachta. Ní thuairiscítear an mhír seo i gcás nach n-úsáidtear aon pharaiméadar a bhaineann go sonrach leis an ngrúpa.
Riosca préimhe agus cúlchiste in árachas sláinte NSLT		
R1000–R1030/C0100	Diall caighdeánach le haghaidh riosca préimhe — USP	Is é sin an diall caighdeánach a bhaineann go sonrach leis an ngrúpa le haghaidh riosca préimhe le haghaidh gach líne gnó agus a athárachas comhréireach arna ríomh ag an ngrúpa agus arna fhormheas nó arna fhorordú ag an údarás maoirseachta. Ní thuairiscítear an mhír seo i gcás nach n-úsáidtear aon pharaiméadar a bhaineann go sonrach leis an ngrúpa.
R1000–R1030/C0110	Diall Caighdeánach USP chomhláin/ghlain	Sainaithin ar cuireadh diall caighdeánach USP i bhfeidhm go comhlán nó go glan. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — USP comhlán 2 — USP glan
R1000–R1030/C0120	Diall caighdeánach le haghaidh riosca préimhe — USP — Tosca le haghaidh athárachas neamhréireach	Is é sin an toisc choigeartaithe a bhaineann go sonrach leis an ngrúpa le haghaidh athárachas neamhréireach gach líne gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, lena dtugtar caoi do ghrúpaí an éifeacht maolaithe riosca atá ag athárachas sáraithe caillteanais áirithe in aghaidh an riosca a chur san áireamh — arna ríomh ag an ngrúpa agus arna fhormheas nó arna fhorordú ag an údarás maoirseachta. I gcás nach n-úsáidtear aon pharaiméadar a bhaineann go sonrach leis an ngrúpa, fágfar an chill seo bán.

	ÍTIM	TREORACHA
R1000–R1030/C0130	Diall caighdeánach le haghaidh riosca cúlchiste — USP	Is é sin an diall caighdeánach a bhaineann go sonrach leis an ngrúpa le haghaidh riosca cúlchiste le haghaidh gach líne gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, agus a athárachas comhréireach arna ríomh ag an ngrúpa agus arna fhormheas nó arna fhorordú ag an údarás maoirseachta. Ní thuairiscítear an mhír seo i gcás nach n-úsáidtear aon pharaiméadar a bhaineann go sonrach leis an ngrúpa.
R1000–R1030/C0140	Tomhas toirte le haghaidh riosca préimhe agus cúlchiste — tomhas toirte le haghaidh riosca préimhe: Vprem	An tomhas toirte le haghaidh riosca préimhe le haghaidh gach líne gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, agus a athárachas comhréireach
R1000–R1030/C0150	Tomhas toirte le haghaidh riosca préimhe agus cúlchiste — tomhas toirte le haghaidh riosca cúlchiste: Vres	An tomhas toirte le haghaidh riosca cúlchiste le haghaidh gach líne gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, agus a athárachas comhréireach
R1000–R1030/C0160	Tomhas toirte le haghaidh riosca préimhe agus cúlchiste — Éagsúlú Geografach	Léirítear leis sin an t-éagsúlú geografach atá le húsáid le haghaidh an tomhais toirte i gcomhair riosca préimhe agus cúlchiste le haghaidh gach líne gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, agus a athárachas comhréireach. Mura ndéantar an toisc le haghaidh éagsúlú geografach a ríomh, socraítear an mhír sin ar luach réamhshocraithe 1.
R1000–R1030/C0170	Tomhas toirte le haghaidh riosca préimhe agus cúlchiste — V	An tomhas toirte le haghaidh riosca préimhe agus cúlchiste in árachas sláinte NSLT dá dtagraítear i dTeideal I Caibidil V Ranna 4 agus 12 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, le haghaidh gach líne gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, agus a athárachas comhréireach.
R1040/C0170	Tomhas toirte iomláine le haghaidh riosca préimhe agus cúlchiste — V	An tomhas toirte iomláine le haghaidh riosca préimhe agus cúlchiste, cothrom le suim na dtomhas toirte le haghaidh riosca préimhe agus cúlchiste le haghaidh gach líne gnó.
R1050/C0100	Diall caighdeánach comhcheangailte	Is é sin an diall caighdeánach comhcheangailte le haghaidh riosca préimhe agus cúlchiste le haghaidh gach deighleoige.
R1100/C0180	Ceanglas um chaipiteal sócmhainneachta — Riosca préimhe agus cúlchiste in árachas sláinte NSLT	Is é sin an muirear caipitil iomlán le haghaidh an fhomhodúil riosca préimhe agus cúlchiste in árachas sláinte NSLT dá dtagraítear i dTeideal I Caibidil V Ranna 4 agus 12 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
R1200/C0190	Dearbhluachanna tosaigh roimh thurraing — Sócmhainní — Riosca dul i léig	Is é sin dearbhluach na sócmhainní atá íogair ó thaobh an riosca dul i léig in árachas sláinte NSLT dá dtagraítear in dTeideal I Caibidil V Roinn 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, roimh an turraing. Ní áireofar sa chill seo méideanna in-aisghabhála ó athárachas agus MSCanna.

	ÍTIM	TREORACHA
R1200/C0200	Dearbhluachanna tosaigh roimh thurraing — Dliteanais — Riosca dul i léig	Is é sin dearbhluach na ndliteanas atá braiteach ar an riosca dul i léig in árachas sláinte NSLT dá dtagraítear in dTeideal I Caibidil V Roinn 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, roimh an turraing. Beidh an méid forálacha teicniúla glan ó mhéideanna in-aisghabhála athárachais agus MSC.
R1200/C0210	Dearbhluachanna i ndiaidh turrainge — Sócmhainní — Riosca dul i léig	Is é sin dearbhluach na sócmhainní atá braiteach ar an riosca dul i léig in árachas sláinte NSLT dá dtagraítear in dTeideal I Caibidil V Roinn 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, i ndiaidh na turrainge. Ní áireofar sa chill seo méideanna in-aisghabhála ó athárachas agus MSCanna.
R1200/C0220	Dearbhluachanna i ndiaidh turrainge — Dliteanais — Riosca dul i léig	Is é sin dearbhluach na ndliteanas atá íogair ó thaobh an riosca dul i léig, i ndiaidh na turrainge. Beidh an méid Forálacha teicniúla glan ó mhéideanna in-aisghabhála athárachais agus MSC.
R1200/C0230	Dearbhluach i ndiaidh turrainge — Ceanglas um chaipiteal sócmhainneachta — Riosca dul i léig	Is é sin an muirear caipitil le haghaidh an riosca dul i léig in árachas sláinte NSLT dá dtagraítear in dTeideal I Caibidil V Roinn 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
R1300/C0240	Éagsúlú laistigh den riosca frithgheallta in árachas sláinte NSLT — comhlán	Is é sin éifeacht an éagsúlaithe laistigh den fhomhodúl riosca frithgheallta in árachas sláinte SLT dá dtagraítear i dTeideal I Caibidil V Roinn 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, de thoradh chomhiomlánú na gceanglas caipitil le haghaidh riosca préimhe agus cúlchiste in árachas sláinte NSLT agus riosca dul i léig in árachas sláinte NSLT. Tuairisceofar an t-éagsúlú mar luach diúltach má laghdaíonn sé ar an gceanglas caipitil.
R1400/C0240	Ceanglas iomlán um chaipiteal sócmhainneachta le haghaidh frithghealladh in árachas sláinte NSLT	Is é sin an muirear caipitil iomlán le haghaidh an fhomhodúil riosca frithgheallta in árachas sláinte NSLT dá dtagraítear i dTeideal I Caibidil V Roinn 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
Riosca tubaiste san árachas sláinte		
R1500/C0250	Glancheanglas um chaipiteal sócmhainneachta le haghaidh rioscaí tubaiste san árachas sláinte — Fomhodúl riosca olltimpiste	An glancheanglas um chaipiteal sócmhainneachta le haghaidh an fhomhodúil riosca olltimpiste arna ríomh i ndiaidh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla
R1500/C0260	Ceanglas comhlán um chaipiteal sócmhainneachta le haghaidh rioscaí tubaiste san árachas sláinte — Fomhodúl riosca olltimpiste	An ceanglas comhlán um chaipiteal sócmhainneachta le haghaidh an fhomhodúil riosca olltimpiste, arna ríomh roimh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla.

	ÍTIM	TREORACHA
R1510/C0250	Glancheanglas um chaipiteal sócmhainneachta le haghaidh rioscaí tubaiste san árachas sláinte — Riosca maidir le comhchruinniú timpistí	An glancheanglas um chaipiteal sócmhainneachta le haghaidh an fhomhodúil riosca maidir le comhchruinniú timpistí, arna ríomh i ndiaidh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla
R1510/C0260	Ceanglas comhlán um chaipiteal sócmhainneachta le haghaidh rioscaí tubaiste san árachas sláinte — Riosca maidir le comhchruinniú timpistí	An ceanglas comhlán um chaipiteal sócmhainneachta le haghaidh an fhomhodúil riosca maidir le comhchruinniú timpistí arna ríomh roimh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla.
R1520/C0250	Glancheanglas um chaipiteal sócmhainneachta le haghaidh rioscaí tubaiste san árachas sláinte — Riosca paindéime	An glancheanglas um chaipiteal sócmhainneachta le haghaidh an fhomhodúil riosca paindéime, arna ríomh i ndiaidh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla.
R1520/C0260	Ceanglas comhlán um chaipiteal sócmhainneachta le haghaidh rioscaí tubaiste san árachas sláinte — Riosca paindéime	Déantar an ceanglas comhlán um chaipiteal sócmhainneachta le haghaidh an fhomhodúil riosca paindéime a ríomh roimh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla.
R1530/C0250	Éagsúlú laistigh den riosca tubaiste san árachas sláinte — Glan	Is é sin éifeacht an éagsúlaithe laistigh den fhomhodúl riosca tubaiste san árachas sláinte de thoradh chomhiomlánú na gceanglas caipitil le haghaidh an riosca olltubaiste, an riosca maidir le comhchruinniú tubaistí agus an riosca paindéime, arna ríomh i ndiaidh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla.
R1530/C0260	Éagsúlú laistigh den riosca tubaiste san árachas sláinte — Comhlán	Is é sin éifeacht an éagsúlaithe laistigh den fhomhodúl riosca tubaiste san árachas sláinte de thoradh chomhiomlánú na gceanglas caipitil le haghaidh an riosca olltubaiste, an riosca maidir le comhchruinniú tubaistí agus an riosca paindéime, arna ríomh i ndiaidh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla.
R1540/C0250	Glancheanglas iomlán um chaipiteal sócmhainneachta le haghaidh riosca tubaiste san árachas sláinte	Is é sin an glanmhuirear caipitil iomlán (i ndiaidh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla) le haghaidh an fhomhodúil riosca tubaiste san árachas sláinte
R1540/C0260	Ceanglas comhlán iomlán um chaipiteal sócmhainneachta le haghaidh riosca tubaiste san árachas sláinte	Is é sin an muirear caipitil comhlán iomlán le haghaidh an fhomhodúil riosca tubaiste san árachas sláinte (roimh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla)
Riosca frithgheallta iomlán san árachas sláinte		

	ÍTIM	TREORACHA
R1600/C0270	Éagsúlú laistigh den mhodúl riosca frithgheallta san árachas sláinte — Glan	Is é sin éifeacht an éagsúlaithe laistigh den fhomhodúl riosca frithgheallta san árachas sláinte de thoradh chomhiomlánú cheanglais chaipitil an fhomhodúil riosca frithgheallta in árachas sláinte SLT, an fhomhodúil riosca frithgheallta in árachas sláinte NSLT agus an fhomhodúil riosca tubaiste san árachas sláinte, dá dtagraítear i dTeideal I Caibidil V Roinn 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, arna ríomh i ndiaidh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla.
R1600/C0280	Éagsúlú laistigh den mhodúl riosca frithgheallta san árachas sláinte — Comhlán	Is é sin éifeacht an éagsúlaithe laistigh den fhomhodúl riosca frithgheallta san árachas sláinte de thoradh chomhiomlánú cheanglais chaipitil an fhomhodúil riosca frithgheallta in árachas sláinte SLT, an fhomhodúil riosca frithgheallta in árachas sláinte NSLT agus an fhomhodúil riosca tubaiste san árachas sláinte, dá dtagraítear i dTeideal I Caibidil V Roinn 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, arna ríomh roimh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla.
R1700/C0270	Glancheanglas iomlán um chaipiteal sócmhainneachta le haghaidh riosca frithgheallta san árachas sláinte	Is é sin an glancheanglas iomlán um chaipiteal sócmhainneachta le haghaidh an mhodúil riosca frithgheallta san árachas sláinte.
R1700/C0280	Ceanglas comhlán um chaipiteal sócmhainneachta le haghaidh riosca frithgheallta san árachas sláinte	Is é sin an ceanglas comhlán iomlán um chaipiteal sócmhainneachta le haghaidh an mhodúil riosca frithgheallta san árachas sláinte.

S.26.05 — Ceanglas um Chaipiteal Sócmhainneachta — Riosca frithgheallta neamhshaoil

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh grúpaí, cistí imfhálaithe, punanna coigeartaithe meaitseála agus an chuid atá fágtha.

Is gá teimpléad SR.26.05 a líonadh isteach le haghaidh gach ciste imfhálaithe (RFF), gach punainne coigeartaithe meaitseála (MAP) agus le haghaidh an chuid atá fágtha. I gcás ina mbeidh MAP/RFF leabaithe in RFF/MAP, áfach, ba cheart caitheamh leis an gciste mar chistí éagsúla. Déanfar an teimpléad sin a thuairisciú le haghaidh na bhfochistí uile de RFF/MAP ábhartha mar a shainaithnítear sa dara tábla de S.01.03.

Níl teimpléad SR.26.05 infheidhme ach amháin maidir le RFF/MAP ó ghnóthais a chomhdhlúthaítear i gcomhréir le hAirteagal 335, mír 1, (a), (b) agus (c) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, i gcás ina n-úsáidtear modh 1 (an modh bunaithe ar chomhdhlúthú cuntasaíochta), go heisiach nó i gcomhcheangal le modh 2 (an modh asbhainte agus comhiomlánaithe).

Déanfar gach luach a thuairisciú glan ó athárachas agus teicnící eile um maolú riosca.

Méideanna roimh thurraing agus ina diaidh, líonfar isteach iad leis an méid sócmhainní agus dliteanas atá íogair ó thaobh na turraing sin. I gcás na ndliteanas, déanfar an measúnú ar an leibhéal is mionsonraithe atá ar fáil idir conradh agus grúpa riosca aonfhoirmeach. Ciallaíonn sé sin má bhíonn conradh/grúpa riosca aonfhoirmeach íogair ó thaobh turrainge, déanfar an méid dliteanas atá bainteach leis an gconradh/ngrúpa riosca aonfhoirmeach sin a thuairisciú mar mhéid atá íogair ó thaobh na turrainge sin.

Maidir le tuairisciú grúpa, comhlíonfar na ceanglais shonracha a leanas:

a) Tá an fhaisnéis seo infheidhme nuair a úsáidtear modh 1 mar a shainmhínítear in Airteagal 230 de Threoir 2009/138/CE, go heisiach nó i gcomhcheangal le modh 2 mar a shainmhínítear in Airteagal 233 de Threoir 2009/138/CE;

b) I gcás ina n-úsáidfear modh comhcheangail, níl an fhaisnéis seo le cur isteach ach amháin le haghaidh an chuid den ghrúpa arna ríomh de réir mhodh 1 mar a shainmhínítear in Airteagal 230 de Threoir 2009/138/CE, agus;

c) Níl feidhm ag an bhfaisnéis seo maidir le grúpaí i gcás ina mbeidh modh 2 mar a shainmhínítear in Airteagal 233 de Threoir 2009/138/CE á úsáid go heisiach.

	ÍTIM	TREORACHA
Z0010	Airteagal 112	Sainaithnítear leis cé acu a iarradh nó nár iarradh na figiúirí tuairiscithe faoi Airteagal 112 (7), chun meastachán ar SCR a sholáthar agus an fhoirmle chaighdeánach á húsáid. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Tuairisciú Airteagal 112 (7) 2 — Tuairisciú tráthrialta
Z0020	Ciste imfhálaithe, punann coigeartaithe meaitseála nó an chuid atá fágtha	Sainaithnítear leis cibé acu a bhaineann na figiúirí a thuairiscítear le RFF, punann coigeartaithe meaitseála nó leis an gcuid atá fágtha. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — RFF/MAP 2 — An chuid atá fágtha
Z0030	Uimhir Chiste/Phunainne	I gcás ina bhfuil mír Z0020 = 1, uimhir aitheantais le haghaidh ciste imfhálaithe nó punann coigeartaithe meaitseála. Is é an gnóthas a thagann faoi raon feidhme mhaoirseacht an ghrúpa a shannann an uimhir sin agus ní mór di a bheith comhsheasmhach le himeacht ama agus leis an uimhir chiste/phunainne a thuairiscítear i dteimpléid eile.
R0010/C0010	Simplithe gnóthas faoi chuing — riosca préimhe agus cúlchiste neamhshaoil	Sainaithin cé acu a bhain nó nár bhain gnóthas faoi chuing, a thagann faoi raon feidhme mhaoirseacht an ghrúpa, úsáid as simplithe chun riosca préimhe agus cúlchiste neamhshaoil a ríomh. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Úsáideadh simplithe 2 — Níor úsáideadh simplithe Má tá R0010/C0010 = 1, ní dhéanfar ach C0060, C0070 agus C0090 a líonadh isteach le haghaidh R0100 — R0230.
R0011/C0010	Úsáideadh simplithe — riosca dul i léig neamhshaoil	Sainaithin cé acu a bhain nó nár bhain gnóthas a thagann faoi raon feidhme an ghrúpa le haghaidh ríomh SCR úsáid as simplithe chun riosca frithgheallta neamhshaoil a ríomh. Úsáidfear na roghanna seo a leanas: 1 – Simpliú chun críocha Airteagal 90a 9 – Níor úsáideadh simpliú

	ÍTIM	TREORACHA
Riosca préimhe agus cúlchiste neamhshaoil		
R0100–R0210/C0020	Diall caighdeánach le haghaidh riosca préimhe — Diall Caighdeánach USP	Is é sin an diall caighdeánach a bhaineann go sonrach leis an ngrúpa le haghaidh riosca préimhe le haghaidh gach deighleoige arna ríomh ag an ngrúpa agus arna fhormheas nó arna fhorordú ag an údarás maoirseachta. Ní thuairiscítear an mhír seo i gcás nach n-úsáidtear aon pharaiméadar a bhaineann go sonrach leis an ngrúpa.
R0100–R0210/C0030	Diall Caighdeánach USP chomhláin/ghlain	Sainaithin ar cuireadh diall caighdeánach USP i bhfeidhm go comhlán nó go glan. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — USP comhlán 2 — USP glan
R0100–R0210/C0040	Diall caighdeánach le haghaidh riosca préimhe — USP — Tosca le haghaidh athárachas neamhréireach	Is é sin an toisc choigeartaithe a bhaineann go sonrach leis an ngrúpa le haghaidh athárachas neamhréireach gach deighleoige lena dtugtar caoi do ghrúpaí an éifeacht maolaithe riosca atá ag athárachas sáraithe caillteanais áirithe in aghaidh an riosca a chur san áireamh — arna ríomh ag an ngrúpa agus arna fhormheas nó arna fhorordú ag an údarás maoirseachta. Ní thuairiscítear an mhír seo i gcás nach n-úsáidtear aon pharaiméadar a bhaineann go sonrach leis an ngrúpa.
R0100–R0210/C0050	Diall caighdeánach le haghaidh riosca cúlchiste — USP	Is é sin an diall caighdeánach a bhaineann go sonrach leis an ngrúpa le haghaidh riosca cúlchiste le haghaidh gach deighleoige arna ríomh ag an ngrúpa agus arna fhormheas nó arna fhorordú ag an údarás maoirseachta. Ní thuairiscítear an mhír seo i gcás nach n-úsáidtear aon pharaiméadar a bhaineann go sonrach leis an ngrúpa.
R0100–R0210/C0060	Tomhas toirte le haghaidh riosca préimhe agus cúlchiste — tomhas toirte le haghaidh riosca préimhe: Vprem	An tomhas toirte le haghaidh riosca préimhe le haghaidh gach líne gnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
R0100–R0210/C0070	Tomhas toirte le haghaidh riosca préimhe agus cúlchiste — tomhas toirte le haghaidh riosca cúlchiste: Vres	An tomhas toirte le haghaidh riosca cúlchiste le haghaidh gach deighleoige, cothrom leis an meastachán is fearr ar na forálacha le haghaidh éilimh gach deighleoige atá gan íoc, i ndiaidh an méid in-aisghabhála a asbhaint ó chonarthaí athárachais agus ó mheáin athárachais shainchuspóirigh.
R0100–R0210/C0080	Tomhas toirte le haghaidh riosca préimhe agus cúlchiste — Éagsúlú Geografach —	An t-éagsúlú geografach a úsáidtear le haghaidh thomhas toirte gach deighleoige Mura ndéantar an toisc le haghaidh éagsúlú geografach a ríomh, socraítear an mhír sin ar luach réamhshocraithe 1.
R0100–R0210/C0090	Tomhas toirte le haghaidh riosca préimhe agus cúlchiste — V	An tomhas toirte le haghaidh riosca préimhe agus cúlchiste neamhshaoil le haghaidh gach deighleoige I gcás ina mbeidh R0010/C0010 = 1, léireofar leis an mír sin an ceanglas caipitil le haghaidh riosca préimhe agus cúlchiste neamhshaoil i gcomhair deighleog áirithe arna ríomh agus simplithe á n-úsáid

	ÍTIM	TREORACHA
R0220/C0090	Tomhas toirte iomláine le haghaidh riosca préimhe agus cúlchiste	An tomhas toirte iomláine le haghaidh riosca préimhe agus cúlchiste, cothrom le suim na dtomhas toirte le haghaidh riosca préimhe agus cúlchiste le haghaidh gach deighleoige.
R0230/C0020	Diall caighdeánach comhcheangailte	Is é sin an diall caighdeánach comhcheangailte le haghaidh riosca préimhe agus cúlchiste le haghaidh gach deighleoige.
R0300/C0100	Ceanglas iomlán um chaipiteal sócmhainneachta le haghaidh riosca préimhe agus cúlchiste neamhshaoil	Is é sin an muirear iomlán um chaipiteal sócmhainneachta le haghaidh an fhomhodúil riosca préimhe agus cúlchiste.
Riosca dul i léig neamhshaoil		
R0400/C0110	Dearbhluachanna tosaigh roimh thurraing — Sócmhainní — Riosca frithgheallta neamhshaoil — Riosca dul i léig	Is é sin dearbhluach na sócmhainní atá íogair ó thaobh an riosca dul i léig neamhshaoil, roimh an turraing. Ní áireofar sa chill seo méideanna in-aisghabhála ó athárachas agus MSCanna.
R0400/C0120	Dearbhluachanna tosaigh roimh thurraing — Dliteanais — Riosca frithgheallta neamhshaoil — Riosca dul i léig	Is é sin dearbhluach na ndliteanas atá braiteach ar an riosca dul i léig neamhshaoil, roimh an turraing. Beidh an méid Forálacha teicniúla glan ó mhéideanna in-aisghabhála athárachais agus MSC.
R0400/C0130	Dearbhluachanna i ndiaidh turrainge — Sócmhainní — Riosca frithgheallta neamhshaoil — Riosca dul i léig	Is é sin dearbhluach na sócmhainní atá braiteach ar an riosca dul i léig neamhshaoil, i ndiaidh na turrainge. Ní áireofar sa chill seo méideanna in-aisghabhála ó athárachas agus MSCanna.
R0400/C0140	Dearbhluachanna i ndiaidh turrainge — Dliteanais — Riosca frithgheallta neamhshaoil — Riosca dul i léig	Is é sin dearbhluach na ndliteanas atá braiteach ar an riosca dul i léig neamhshaoil, i ndiaidh na turrainge. Beidh an méid Forálacha teicniúla glan ó mhéideanna in-aisghabhála athárachais agus MSC.
R0400/C0150	Ceanglas um chaipiteal sócmhainneachta — Riosca frithgheallta neamhshaoil — Riosca dul i léig	Is é sin an muirear caipitil le haghaidh riosca frithgheallta dul i léig neamhshaoil.
Riosca tubaiste neamhshaoil		

	ÍTIM	TREORACHA
R0500/C0160	Ceanglas um chaipiteal sócmhainneachta le haghaidh riosca tubaiste neamhshaoil	Is é sin an ceanglas caipitil iomlán le haghaidh riosca tubaiste neamhshaoil.
Riosca frithgheallta neamhshaoil iomlán		
R0600/C0160	Éagsúlú laistigh den mhodúl riosca frithgheallta neamhshaoil	Is é sin éifeacht an éagsúlaithe laistigh den mhodúl riosca margaidh de thoradh chomhiomlánú cheanglais chaipitil chomhlána na bhfomhodúl riosca aonair (roimh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla). Tuairisceofar an t-éagsúlú mar luach diúltach má laghdaíonn sé ar an gceanglas caipitil.
R0700/C0160	Ceanglas caipitil iomlán le haghaidh riosca frithgheallta neamhshaoil	Is é sin an ceanglas um chaipiteal sócmhainneachta le haghaidh an fhomhodúil riosca frithgheallta neamhshaoil.

S.26.06 — Ceanglais um Chaipiteal Sócmhainneachta — Riosca oibriúcháin

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh grúpaí, cistí imfhálaithe, punanna coigeartaithe meaitseála agus an chuid atá fágtha.

Is gá teimpléad SR.26.06 a líonadh isteach le haghaidh gach ciste imfhálaithe (RFF), gach punainne coigeartaithe meaitseála (MAP) agus le haghaidh an chuid atá fágtha. I gcás ina mbeidh MAP/RFF leabaithe in RFF/MAP, áfach, ba cheart caitheamh leis an gciste mar chistí éagsúla. Déanfar an teimpléad sin a thuairisciú le haghaidh na bhfochistí uile de RFF/MAP ábhartha mar a shainaithnítear sa dara tábla de S.01.03.

Níl teimpléad SR.26.06 infheidhme ach amháin maidir le RFF/MAP ó ghnóthais a chomhdhlúthaítear i gcomhréir le hAirteagal 335, mír 1, (a), (b) agus (c) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, i gcás ina n-úsáidtear modh 1 (an modh bunaithe ar chomhdhlúthú cuntasaíochta), go heisiach nó i gcomhcheangal le modh 2 (an modh asbhainte agus comhiomlánaithe).

Maidir le tuairisciú grúpa, comhlíonfar na ceanglais shonracha a leanas:

a) Tá an fhaisnéis seo infheidhme nuair a úsáidtear modh 1 mar a shainmhínítear in Airteagal 230 de Threoir 2009/138/CE, go heisiach nó i gcomhcheangal le modh 2 mar a shainmhínítear in Airteagal 233 de Threoir 2009/138/CE;

b) I gcás ina n-úsáidfear modh comhcheangail, níl an fhaisnéis seo le cur isteach ach amháin le haghaidh an chuid den ghrúpa arna ríomh de réir mhodh 1 mar a shainmhínítear in Airteagal 230 de Threoir 2009/138/CE, agus;

c) Níl feidhm ag an bhfaisnéis seo maidir le grúpaí i gcás ina mbeidh modh 2 mar a shainmhínítear in Airteagal 233 de Threoir 2009/138/CE á úsáid go heisiach.

	ÍTIM	TREORACHA
Z0010	Airteagal 112	Sainaithnítear leis cé acu a iarradh nó nár iarradh na figiúirí tuairiscithe faoi Airteagal 112 (7), chun meastachán ar SCR a sholáthar agus an fhoirmle chaighdeánach á húsáid. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Tuairisciú Airteagal 112 (7) 2 — Tuairisciú tráthrialta
Z0020	Ciste imfhálaithe, punann coigeartaithe meaitseála nó an chuid atá fágtha	Sainaithnítear leis cibé acu a bhaineann na figiúirí a thuairiscítear le RFF, punann coigeartaithe meaitseála nó leis an gcuid atá fágtha. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — RFF/MAP 2 — An chuid atá fágtha
Z0030	Uimhir Chiste/Phunainne	I gcás ina bhfuil mír Z0020 = 1, uimhir aitheantais le haghaidh ciste imfhálaithe nó punann coigeartaithe meaitseála. Is é an gnóthas a thagann faoi raon feidhme mhaoirseacht an ghrúpa a shannann an uimhir sin agus ní mór di a bheith comhsheasmhach le himeacht ama agus leis an uimhir chiste/phunainne a thuairiscítear i dteimpléid eile.
R0100/C0020	Forálacha teicniúla comhlána saoil (gan corrlach riosca a áireamh) (seachas iad siúd atá aonadnasctha nó innéacsnasctha)	Is iad sin forálacha teicniúla le haghaidh oibleagáidí árachais saoil, gan iad siúd atá aonadnasctha a áireamh. Chun na gcríoch sin, ní áireofar ar fhorálacha teicniúla an corrlach riosca, ná ní bhainfidh asbhaint méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais agus ó mheáin athárachais shainchuspóirigh leo.
R0110/C0020	Forálacha teicniúla comhlána saoil aonadnasctha (gan corrlach riosca a áireamh)	Is iad sin forálacha teicniúla le haghaidh oibleagáidí árachais saoil i gcás ina bhfuil an riosca infheistíochta ag na sealbhóirí polasaí. Chun na gcríoch sin, ní áireofar ar fhorálacha teicniúla an corrlach riosca, ná ní bhainfidh asbhaint méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais agus ó mheáin athárachais shainchuspóirigh leo.
R0120/C0020	Forálacha teicniúla comhlána neamhshaoil (gan corrlach riosca a áireamh)	Is iad sin forálacha teicniúla le haghaidh oibleagáidí árachais neamhshaoil. Chun na gcríoch sin, ní áireofar ar fhorálacha teicniúla an corrlach riosca, ná ní bhainfidh asbhaint méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais agus ó mheáin athárachais shainchuspóirigh leo.
R0130/C0020	Ceanglas caipitil maidir le riosca oibriúcháin bunaithe ar fhorálacha teicniúla	Is é sin an ceanglas caipitil maidir le riosca oibriúcháin bunaithe ar fhorálacha teicniúla

	ÍTIM	TREORACHA
R0200/C0020	Préimheanna comhlána saoil tuillte (an 12 mhí roimhe seo) (seachas iad siúd atá aonadnasctha nó innéacsnasctha)	Préimh a tuilleadh le linn an 12 mhí roimhe seo le haghaidh oibleagáidí árachais saoil, gan iad siúd atá aonadnasctha a áireamh, gan préimh arna ghéilleadh d'athárachas a asbhaint
R0210/C0020	Préimheanna comhlána saoil tuillte aonadnasctha (an 12 mhí roimhe seo)	Préimh a tuilleadh le linn an 12 mhí roimhe seo le haghaidh oibleagáidí árachais saoil i gcás ina bhfuil an riosca infheistíochta ag na sealbhóirí polasaí, gan préimh arna ghéilleadh d'athárachas a asbhaint
R0220/C0020	Préimheanna comhlána neamhshaoil tuillte (an 12 mhí roimhe seo)	Préimh a tuilleadh le linn an 12 mhí roimhe seo le haghaidh oibleagáidí árachais neamhshaoil, gan préimheanna arna ngéilleadh d'athárachas a asbhaint
R0230/C0020	Préimheanna comhlána saoil tuillte (an 12 mhí roimh an 12 mhí roimhe seo) (seachas iad siúd atá aonadnasctha nó innéacsnasctha)	Préimh a tuilleadh le linn an 12 mhí roimh an 12 mhí roimhe seo le haghaidh oibleagáidí árachais saoil, gan iad siúd atá aonadnasctha a áireamh, gan préimh arna ghéilleadh d'athárachas a asbhaint
R0240/C0020	Préimheanna comhlána saoil tuillte aonadnasctha (an 12 mhí roimh an 12 mhí roimhe seo)	Préimh a tuilleadh le linn an 12 mhí roimh an 12 mhí roimhe seo le haghaidh oibleagáidí árachais saoil i gcás ina bhfuil an riosca infheistíochta ag na sealbhóirí polasaí, gan préimh arna ghéilleadh d'athárachas a asbhaint
R0250/C0020	Préimheanna comhlána neamhshaoil tuillte (an 12 mhí roimh an 12 mhí roimhe seo)	Préimh a tuilleadh le linn an 12 mhí roimh an 12 mhí roimhe seo le haghaidh oibleagáidí árachais neamhshaoil, gan préimheanna arna ngéilleadh d'athárachas a asbhaint
R0260/C0020	Ceanglas caipitil maidir le riosca oibriúcháin bunaithe ar phréimheanna tuillte	Is é sin an ceanglas caipitil maidir le rioscaí oibriúcháin bunaithe ar phréimheanna tuillte.
R0300/C0020	Ceanglas caipitil maidir le riosca oibriúcháin roimh chaidhpeáil	Is é sin an ceanglas caipitil maidir le riosca oibriúcháin roimh an gcoigeartú caidhpeála
R0310/C0020	Caidhp bunaithe ar an mBuncheanglas um Chaipiteal Sócmhainneachta	Is é sin an toradh ar an gcéatadán caidhpeála a chuirtear i bhfeidhm maidir leis an mbuncheanglas um chaipiteal sócmhainneachta.

	ÍTIM	TREORACHA
R0320/C0020	Ceanglas caipitil maidir le riosca oibriúcháin i ndiaidh caidhpeála	Is é sin an ceanglas caipitil maidir le riosca oibriúcháin i ndiaidh an choigeartaithe caidhpeála
R0330/C0020	Costais arna dtabhú i leith gnó aonadnasctha (an 12 mhí roimhe seo)	Is é sin an méid costas arna dtabhú sna 12 mhí roimhe seo i leith árachas saoil i gcás ina bhfuil an riosca infheistíochta ag na sealbhóirí polasaí.
R0340/C0020	Ceanglas caipitil iomlán maidir le riosca oibriúcháin	Is é sin an muirear caipitil le haghaidh riosca oibriúcháin.

S.26.07 — Ceanglas um Chaipiteal Sócmhainneachta — Simplithe

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh grúpaí, cistí imfhálaithe, punanna coigeartaithe meaitseála agus an chuid atá fágtha.

Is gá teimpléad SR.26.07 a líonadh isteach le haghaidh gach ciste imfhálaithe (RFF), gach punainne coigeartaithe meaitseála (MAP) agus le haghaidh an chuid atá fágtha. I gcás ina mbeidh MAP/RFF leabaithe in RFF/MAP, áfach, ba cheart caitheamh leis an gciste mar chistí éagsúla. Déanfar an teimpléad sin a thuairisciú le haghaidh na bhfochistí uile de RFF/MAP ábhartha mar a shainaithnítear sa dara tábla de S.01.03.

Níl teimpléad SR.26.07 infheidhme ach amháin maidir le RFF/MAP ó ghnóthais a chomhdhlúthaítear i gcomhréir le hAirteagal 335, mír 1, (a), (b) agus (c) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, i gcás ina n-úsáidtear modh 1 (an modh bunaithe ar chomhdhlúthú cuntasaíochta), go heisiach nó i gcomhcheangal le modh 2 (an modh asbhainte agus comhiomlánaithe).

Maidir le tuairisciú grúpa, comhlíonfar na ceanglais shonracha a leanas:

a) Tá an fhaisnéis seo infheidhme nuair a úsáidtear modh 1 mar a shainmhínítear in Airteagal 230 de Threoir 2009/138/CE, go heisiach nó i gcomhcheangal le modh 2 mar a shainmhínítear in Airteagal 233 de Threoir 2009/138/CE;

b) I gcás ina n-úsáidfear modh comhcheangail, níl an fhaisnéis seo le cur isteach ach amháin le haghaidh an chuid den ghrúpa arna ríomh de réir mhodh 1 mar a shainmhínítear in Airteagal 230 de Threoir 2009/138/CE, agus;

c) Níl feidhm ag an bhfaisnéis seo maidir le grúpaí i gcás ina mbeidh modh 2 mar a shainmhínítear in Airteagal 233 de Threoir 2009/138/CE á úsáid go heisiach.

	ÍTIM	TREORACHA
Z0010	Airteagal 112	Sainaithnítear leis cé acu a iarradh nó nár iarradh na figiúirí tuairiscithe faoi Airteagal 112(7), chun meastachán ar SCR a sholáthar agus an fhoirmle chaighdeánach á húsáid. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Tuairisciú Airteagal 112(7) 2 — Tuairisciú tráthrialta
Z0020	Ciste imfhálaithe, punann coigeartaithe meaitseála nó an chuid atá fágtha	Sainaithnítear leis cibé acu a bhaineann na figiúirí a thuairiscítear le RFF, punann coigeartaithe meaitseála nó leis an gcuid atá fágtha. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — RFF/MAP 2 — An chuid atá fágtha
Z0030	Uimhir Chiste/Phunainne	I gcás ina bhfuil mír Z0020 = 1, uimhir aitheantais le haghaidh ciste imfhálaithe nó punann coigeartaithe meaitseála. Is é an gnóthas a thagann faoi raon feidhme mhaoirseacht an ghrúpa a shannann an uimhir sin agus ní mór di a bheith comhsheasmhach le himeacht ama agus leis an uimhir chiste/phunainne a thuairiscítear i dteimpléid eile.
Z0040	Airgeadra le haghaidh riosca an ráta úis (gnóthais faoi chuing)	Sainaithin cód aibítre ISO 4217 an airgeadra eisiúna. Tuairisceofar gach airgeadra ar líne dhifriúil.
Riosca margaidh (lena n-áirítear gnóthais faoi chuing)		
R0010/C0010–C0070	Riosca raon difríochta (bannaí agus iasachtaí) — Margadhluach — de réir céim cáilíochta creidmheasa	Margadhluach na sócmhainní atá faoi réir ceanglas caipitil maidir le riosca raon difríochta i ndáil le bannaí agus iasachtaí le haghaidh gach céime cáilíochta creidmheasa ina bhfuil measúnú creidmheasa arna ndéanamh ag IMCS ainmnithe ar fáil.
R0010/C0080	Riosca raon difríochta (bannaí agus iasachtaí) — Margadhluach — Gan aon rátáil ar fáil	Margadhluach na sócmhainní atá faoi réir ceanglas caipitil maidir le riosca raon difríochta i ndáil le bannaí agus iasachtaí i gcás nach bhfuil aon mheasúnú creidmheasa arna ndéanamh ag IMCS ainmnithe ar fáil.
R0020/C0010–C0070	Riosca raon difríochta (bannaí agus iasachtaí) — Marthanacht leasaithe — de réir céim cáilíochta creidmheasa	Marthanacht leasaithe na sócmhainní atá faoi réir ceanglas caipitil maidir le riosca raon difríochta i ndáil le bannaí agus iasachtaí le haghaidh gach céime cáilíochta creidmheasa ina bhfuil measúnú creidmheasa arna ndéanamh ag IMCS ainmnithe ar fáil, i mblianta.
R0020/C0080	Riosca raon difríochta (bannaí agus iasachtaí) — Marthanacht leasaithe — Gan aon rátáil ar fáil	Marthanacht leasaithe na sócmhainní atá faoi réir ceanglas caipitil maidir le riosca raon difríochta i ndáil le bannaí agus iasachtaí i gcás nach bhfuil aon mheasúnú creidmheasa arna ndéanamh ag IMCS ainmnithe ar fáil, i mblianta.

	ÍTIM	TREORACHA
R0030/C0090	Riosca raon difríochta (bannaí agus iasachtaí) — Méadú ar fhorálacha teicniúla aonadnasctha agus innéacsnasctha	Méadú ar na forálacha teicniúla lúide corrlach riosca le haghaidh polasaithe ina bhfuil an riosca infheistíochta ag na sealbhóirí polasaí agus a bhfuil roghanna agus ráthaíochtaí leabaithe iontu a leanfadh as laghdú meandrach ar luach na sócmhainní atá faoi réir an cheanglais caipitil le haghaidh riosca raon difríochta de réir an ríomha shimplithe.
Riosca an ráta úis (gnóthais faoi chuing)		
R0040/C0100	Riosca an ráta úis (gnóthais faoi chuing) — Ceanglas caipitil — Ráta úis aníos — de réir airgeadra	Ceanglas caipitil le haghaidh an riosca go dtiocfaidh méadú ar struchtúr téarma rátaí úis de réir an ríomha shimplithe le haghaidh gnóthais faoi chuing le haghaidh gach airgeadra a thuairiscítear.
R0040/C0110	Riosca an ráta úis (gnóthais faoi chuing) — Ceanglas caipitil — Ráta úis anuas — de réir airgeadra	Ceanglas caipitil le haghaidh an riosca go dtiocfaidh laghdú ar struchtúr téarma rátaí úis de réir an ríomha shimplithe le haghaidh gnóthais faoi chuing le haghaidh gach airgeadra a thuairiscítear.
Riosca frithgheallta saoil		
R0100/C0120	Riosca mortlaíochta — Caipiteal faoi riosca	Suim méideanna dearfacha faoi riosca mar a shainmhínítear in Airteagal 91 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 le haghaidh na n-oibleagáidí uile atá faoi réir riosca mortlaíochta.
R0100/C0160	Riosca mortlaíochta — Meánráta t + 1	Meánráta mortlaíochta le linn an 12 mhí ina dhiaidh sin (t + 1) ualaithe ag an tsuim faoi árachas le haghaidh polasaithe ag a bhfuil caipiteal dearfach faoi riosca.
R0100/C0180	Riosca mortlaíochta — Marthanacht leasaithe	Marthanacht leasaithe gach íocaíochta is iníoctha ar bhás a áirítear sa mheastachán is fearr le haghaidh polasaithe ag a bhfuil caipiteal dearfach faoi riosca.
R0110/C0150	Riosca fadsaolaí — Meastachán is fearr	An meastachán is fearr ar oibleagáidí atá faoi réir riosca fadsaolaí.
R0110/C0160	Riosca fadsaolaí — Meánráta t + 1	Meánráta mortlaíochta le linn an 12 mhí ina dhiaidh sin (t + 1) ualaithe ag an tsuim faoi árachas le haghaidh polasaithe ina leanann méadú ar fhorálacha teicniúla as laghdú ar an ráta mortlaíochta.
R0110/C0190	Riosca fadsaolaí — Marthanacht leasaithe	Marthanacht leasaithe gach íocaíochta is iníoctha le tairbhithe, i mblianta, a áirítear sa mheastachán is fearr le haghaidh polasaithe ina leanann méadú ar fhorálacha teicniúla as laghdú ar an ráta mortlaíochta.
R0120/C0120	Riosca míchumais/galrachta — Caipiteal faoi riosca	Suim méideanna dearfacha faoi riosca mar a shainmhínítear in Airteagal 93 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 le haghaidh na n-oibleagáidí uile atá faoi réir riosca míchumais/galrachta.

	ÍTIM	TREORACHA
R0120/C0130	Riosca míchumais/galrachta — Caipiteal faoi riosca t + 1	Caipiteal faoi riosca mar a shainmhínítear in R0120/C0120 i ndiaidh 12 mhí.
R0120/C0150	Riosca míchumais/galrachta — Meastachán is fearr	An meastachán is fearr ar oibleagáidí atá faoi réir riosca míchumais/galrachta.
R0120/C0160	Riosca míchumais/galrachta — Meánráta t + 1	Meánráta míchumais/galrachta le linn an 12 mhí ina dhiaidh sin (t + 1) ualaithe ag an tsuim faoi árachas le haghaidh polasaithe ag a bhfuil caipiteal dearfach faoi riosca.
R0120/C0170	Riosca míchumais/galrachta — Meánráta t + 2	Meánráta míchumais/galrachta le linn an 12 mhí i ndiaidh an 12 mhí ina dhiaidh sin (t + 2) ualaithe ag an tsuim faoi árachas le haghaidh polasaithe ag a bhfuil caipiteal dearfach faoi riosca.
R0120/C0180	Riosca míchumais/galrachta — Marthanacht leasaithe	Marthanacht leasaithe gach íocaíochta ar mhíchumas/galracht a áirítear sa mheastachán is fearr le haghaidh polasaithe ag a bhfuil caipiteal dearfach faoi riosca.
R0120/C0200	Riosca míchumais/galrachta — Rátaí foirceanta	Rátaí foirceanta a bhfuil coinne leo le linn an 12 mhí ina dhiaidh sin (t + 1) le haghaidh polasaithe ag a bhfuil caipiteal dearfach faoi riosca.
R0130/C0140	Riosca dul i léig (aníos) — Straidhn géillte	Suim na straidhneanna géillte dearfacha uile mar a shainmhínítear in Airteagal 95 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
R0130/C0160	Riosca dul i léig (aníos) — Meánráta t + 1	Meánráta dul i léig le haghaidh polasaithe ag a bhfuil straidhneanna géillte dearfacha.
R0130/C0190	Riosca dul i léig (aníos) — Meántréimhse caillteanais	An mheántréimhse, i mblianta, ina gcailltear na polasaithe a bhfuil straidhn géillte dhearfach acu.
R0140/C0140	Riosca dul i léig (anuas) — Straidhn géillte	Suim na straidhneanna géillte diúltacha uile mar a shainmhínítear in Airteagal 95 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
R0140/C0160	Riosca dul i léig (anuas) — Meánráta t + 1	Meánráta dul i léig le haghaidh polasaithe ag a bhfuil straidhneanna géillte diúltacha.
R0140/C0190	Riosca dul i léig (anuas) — Meántréimhse caillteanais	An mheántréimhse, i mblianta, ina gcailltear na polasaithe a bhfuil straidhn géillte dhiúltach acu.
R0150/C0180	Riosca costas saoil — Marthanacht leasaithe	Marthanacht leasaithe an tsreafa airgid a áirítear sa mheastachán is fearr ar oibleagáidí árachais agus athárachais saoil, i mblianta.
R0150/C0210	Riosca costas saoil — Íocaíochtaí	Costais arna n-íoc a bhaineann le hárachas agus athárachas saoil le linn an 12 mhí seo caite.

	ÍTIM	TREORACHA
R0150/C0220	Riosca costas saoil — Meánráta boilscithe	An meánráta boilscithe ualaithe a áirítear sa ríomh ar an meastachán is fearr ar na hoibleagáidí sin, ina bhfuil na hualuithe sin bunaithe ar luach láithreach costas a áirítear sa ríomh ar an meastachán is fearr chun seirbhísiú a dhéanamh ar oibleagáidí saoil atá ann cheana.
R0160/C0120	Riosca tubaiste saoil — Caipiteal faoi riosca	Suim méideanna dearfacha faoi riosca mar a shainmhínítear in Airteagal 96 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
Riosca frithgheallta san árachas sláinte		
R0200/C0120	Riosca mortlaíochta san árachas sláinte — Caipiteal faoi riosca	Suim méideanna dearfacha faoi riosca mar a shainmhínítear in Airteagal 97 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 le haghaidh na n-oibleagáidí uile atá faoi réir riosca mortlaíochta san árachas sláinte.
R0200/C0160	Riosca mortlaíochta san árachas sláinte — Meánráta t + 1	Meánráta mortlaíochta le linn an 12 mhí ina dhiaidh sin (t + 1) ualaithe ag an tsuim faoi árachas le haghaidh polasaithe ag a bhfuil caipiteal dearfach faoi riosca.
R0200/C0180	Riosca mortlaíochta san árachas sláinte — Marthanacht leasaithe	Marthanacht leasaithe gach íocaíochta is iníoctha ar bhás a áirítear sa mheastachán is fearr le haghaidh polasaithe ag a bhfuil caipiteal dearfach faoi riosca.
R0210/C0150	Riosca fadsaolaí san árachas sláinte — Meastachán is fearr	An meastachán is fearr ar oibleagáidí atá faoi réir riosca fadsaolaí san árachas sláinte.
R0210/C0160	Riosca fadsaolaí san árachas sláinte — Meánráta t + 1	Meánráta mortlaíochta le linn an 12 mhí ina dhiaidh sin (t + 1) ualaithe ag an tsuim faoi árachas le haghaidh polasaithe ina leanann méadú ar fhorálacha teicniúla as laghdú ar an ráta mortlaíochta.
R0210/C0180	Riosca fadsaolaí san árachas sláinte — Marthanacht leasaithe	Marthanacht leasaithe gach íocaíochta is iníoctha le tairbhithe, i mblianta, a áirítear sa mheastachán is fearr le haghaidh polasaithe ina leanann méadú ar fhorálacha teicniúla as laghdú ar an ráta mortlaíochta.
R0220/C0180	Riosca caiteachais leighis maidir le míchumas sláinte/galracht — Marthanacht leasaithe	Marthanacht leasaithe an tsreafa airgid a áirítear sa mheastachán is fearr ar oibleagáidí árachais agus athárachais caiteachais leighis, i mblianta.
R0220/C0210	Riosca caiteachais leighis maidir le míchumas sláinte/galracht — Íocaíochtaí	Costais arna n-íoc a bhaineann le hárachas agus athárachas caiteachais leighis le linn an 12 mhí seo caite.

	ÍTIM	TREORACHA
R0220/C0220	Riosca caiteachais leighis maidir le míchumas sláinte/galracht — Meánráta boilscithe	An meánráta boilscithe ualaithe maidir le híocaíochtaí leighis a áirítear sa ríomh ar an meastachán is fearr ar na hoibleagáidí sin, ina bhfuil na hualuithe sin bunaithe ar luach láithreach íocaíochtaí leighis a áirítear sa ríomh ar an meastachán is fearr ar na hoibleagáidí sin.
R0230/C0120	Riosca míchumais sláinte/galrachta (maidir le cosaint ioncaim) — Caipiteal faoi riosca	Suim méideanna dearfacha faoi riosca mar a shainmhínítear in Airteagal 100 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 le haghaidh na n-oibleagáidí uile atá faoi réir riosca míchumais/galrachta (maidir le cosaint ioncaim).
R0230/C0130	Riosca míchumais sláinte/galrachta (maidir le cosaint ioncaim) — Caipiteal faoi riosca t + 1	Caipiteal faoi riosca mar a shainmhínítear in R0230/C0120 i ndiaidh 12 mhí.
R0230/C0150	Riosca míchumais sláinte/galrachta (maidir le cosaint ioncaim) — Meastachán is fearr	An meastachán is fearr ar oibleagáidí atá faoi réir riosca míchumais/galrachta.
R0230/C0160	Riosca míchumais sláinte/galrachta (maidir le cosaint ioncaim) — Meánráta t + 1	Meánráta míchumais/galrachta le linn an 12 mhí ina dhiaidh sin (t + 1) ualaithe ag an tsuim faoi árachas le haghaidh polasaithe ag a bhfuil caipiteal dearfach faoi riosca.
R0230/C0170	Riosca míchumais sláinte/galrachta (maidir le cosaint ioncaim) — Meánráta t + 2	Meánráta míchumais/galrachta le linn an 12 mhí i ndiaidh an 12 mhí ina dhiaidh sin (t + 2) ualaithe ag an tsuim faoi árachas le haghaidh polasaithe ag a bhfuil caipiteal dearfach faoi riosca.
R0230/C0180	Riosca míchumais sláinte/galrachta (maidir le cosaint ioncaim) — Meastachán leasaithe	Marthanacht leasaithe gach íocaíochta ar mhíchumas/galracht a áirítear sa mheastachán is fearr le haghaidh polasaithe ag a bhfuil caipiteal dearfach faoi riosca.
R0230/C0200	Riosca míchumais sláinte/galrachta (maidir le cosaint ioncaim) — Rátaí foirceanta	Rátaí foirceanta a bhfuil coinne leo le linn an 12 mhí ina dhiaidh sin le haghaidh polasaithe ag a bhfuil caipiteal dearfach faoi riosca.
R0240/C0140	Riosca dul i léig in árachas sláinte SLT (aníos) — Straidhn géillte	Suim na straidhneanna géillte dearfacha uile mar a shainmhínítear in Airteagal 102 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.

	ÍTIM	TREORACHA
R0240/C0160	Riosca dul i léig in árachas sláinte SLT (aníos) — Meánráta t + 1	Meánráta dul i léig le haghaidh polasaithe ag a bhfuil straidhneanna géillte dearfacha.
R0240/C0190	Riosca dul i léig in árachas sláinte SLT (aníos) — Meántréimhse caillteanais	An mheántréimhse, i mblianta, ina gcailltear na polasaithe a bhfuil straidhn géillte dhearfach acu.
R0250/C0140	Riosca dul i léig in árachas sláinte SLT (anuas) — Straidhn géillte	Suim na straidhneanna géillte diúltacha uile mar a shainmhínítear in Airteagal 102 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
R0250/C0160	Riosca dul i léig in árachas sláinte SLT (anuas) — Meánráta t + 1	Meánráta dul i léig le haghaidh polasaithe ag a bhfuil straidhneanna géillte diúltacha.
R0250/C0190	Riosca dul i léig in árachas sláinte SLT (anuas) — Meántréimhse caillteanais	An mheántréimhse, i mblianta, ina gcailltear na polasaithe a bhfuil straidhn géillte dhiúltach acu.
R0260/C0180	Riosca costais san árachas sláinte — Marthanacht leasaithe	Marthanacht leasaithe an tsreafa airgid a áirítear sa mheastachán is fearr ar oibleagáidí árachais agus athárachais sláinte, i mblianta.
R0260/C0210	Riosca costais san árachas sláinte — Íocaíochtaí	Costais arna n-íoc a bhaineann le hárachas agus athárachas sláinte le linn an 12 mhí seo caite.
R0260/C0220	Riosca costais san árachas sláinte — Meánráta boilscithe	An meánráta boilscithe ualaithe a áirítear sa ríomh ar an meastachán is fearr ar na hoibleagáidí sin, ualaithe ag luach láithreach costas a áirítear sa ríomh ar an meastachán is fearr chun seirbhísiú a dhéanamh ar oibleagáidí sláinte atá ann cheana.
Riosca margaidh — Comhchruinnithe rioscaí margaidh		
R0300/C0300	Sciar punainne fiachais	An sciar den phunann fiachais a ndearnadh ríomh simplithe SCR lena aghaidh. Gan le tuairisciú ach amháin i gcás ina mbeidh gnóthas díolmhaithe ó Theimpléad S.06.02 a thuairisciú
Simplithe NAT CAT		

	ÍTIM	TREORACHA
R0400/C0330	Stoirm ghaoithe — suim na neamhchosaintí atá faoi réir shimplithe NAT CAT	Áirigh ann suim na neamhchosaintí atá faoi réir simplithe stoirme gaoithe
R0410/C0330	Cloichshneachta — suim na neamhchosaintí atá faoi réir shimplithe NAT CAT	Áirigh ann suim na neamhchosaintí atá faoi réir simplithe cloichshneachta
R0420/C0330	Crith talún — suim na neamhchosaintí atá faoi réir shimplithe NAT CAT	Áirigh ann suim na neamhchosaintí atá faoi réir simplithe creatha talún
R0430/C0330	Tuilte — suim na neamhchosaintí atá faoi réir shimplithe NAT CAT	Áirigh ann suim na neamhchosaintí atá faoi réir simplithe tuilte
R0440/C0330	Turnamh — suim na neamhchosaintaí atá faoi réir shimplithe NAT CAT	Áirigh ann suim na neamhchosaintí atá faoi réir simplithe turnaimh

S.26.08 – Ceanglas um Chaipiteal Sócmhainneachta - le haghaidh grúpaí a úsáideann samhail inmheánach (páirteach nó iomlán)

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh grúpaí, cistí imfhálaithe, punanna coigeartaithe meaitseála agus an chuid atá fágtha.

Tuairisceofar an teimpléad seo bunaithe ar an infhaighteacht sonraí de réir ailtireacht inmheánach na samhla agus na próifíle riosca i gcás inar féidir le hiarracht réasúnach. Na sonraí a bheidh le tuairisciú, comhaontófar iad idir údaráis mhaoirseachta náisiúnta agus grúpaí.

Is é cuspóir an teimpléid seo sonraí a bhailiú ar leibhéal comhiomlán agus tairbhí an éagsúlaithe a thaispeáint idir modúil rioscaí ar leithligh. Tógadh roinnt iontrálacha as teimpléid eile ach léirítear iad sin thíos. Ó thaobh teicniúil de, níl siad seo dúbláilte toisc gurb iad na pointí sonraí céanna iad go bunúsach. Dá bhrí sin, nuair a líontar isteach sonraí i dteimpléad amháin, taispeántar go huathoibríoch sa cheann eile iad.

Samhlacha inmheánacha páirteacha:

Tagraíonn gach sraith le haghaidh C0010 do mhéid an mhuirir caipitil le haghaidh gach comhpháirte gan beann ar an modh ríomha (foirmle chaighdeánach nó samhail inmheánach pháirteach), tar éis na gcoigeartuithe le haghaidh acmhainn ionsúcháin caillteanais ag foráil theicniúil agus/nó cánacha iarchurtha i gcás ina mbeidh siad leabaithe i ríomh na comhpháirte.

I gcás na gcomhpháirteanna Acmhainn ionsúcháin caillteanais ag forálacha teicniúla agus/nó cánacha iarchurtha i gcás ina dtuairisceofar iad mar chomhpháirt ar leithligh, ba cheart gurbh éard a bheidh ann méid na hacmhainne ionsúcháin caillteanais (ba cheart na méideanna sin a thuairisciú mar luachanna diúltacha)

I gcás comhpháirteanna a ríomhtar agus an fhoirmle chaighdeánach á húsáid, is é nSCR comhlán atá sa chill sin. I gcás comhpháirteanna a ríomhtar agus an tsamhail inmheánach pháirteach á úsáid, is é sin an luach agus na gníomhaíochtaí bainistíochta amach anseo i leith na gcomhpháirteanna á mbreithniú mar nithe atá leabaithe sa ríomh, ach nach luach é a bhfuil a x á samhaltú mar chomhpháirt ar leithligh.

Leis na méideanna sin, breithneofar go hiomlán éifeachtaí an éagsúlaithe de réir Airteagal 304 de Threoir 2009/138/CE, i gcás inarb infheidhme.

I gcás inarb infheidhme, ní áirítear sna cealla sin leithdháileadh an choigeartaithe i ngeall ar chomhiomlánú nSCR de RFF/MAP ar leibhéal eintitis.

Tuairisceofar teimpléad SR.26.08 de réir ciste imfhálaithe, punann coigeartaithe meaitseála agus an chuid atá fágtha le haghaidh gach gnóthas faoi shamhail inmheánach. I gcás samhlacha inmheánacha páirteacha, áirítear leis sin gnóthais ina gcuirtear samhail inmheánach pháirteach i bhfeidhm maidir le ciste imfhálaithe agus/nó punann coigeartaithe meaitseála iomlán agus ina bhfuil na cistí imfhálaithe agus/nó na punanna coigeartaithe meaitseála eile faoin bhfoirmle chaighdeánach. Ba cheart an teimpléad sin a thuairisciú le haghaidh na bhfochistí uile de RFF/MAP ábhartha mar a shainaithnítear sa dara tábla de S.01.03.

Tá an Teimpléad seo infheidhme i ndáil le RFF/MAP ó ghnóthais a chomhdhlúthaítear i gcomhréir le hAirteagal 335, mír 1, (a) agus (c) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, i gcás ina n-úsáidtear modh 1 (an modh bunaithe ar chomhdhlúthú cuntasaíochta), go heisiach nó i gcomhcheangal le modh 2 (an modh asbhainte agus comhiomlánaithe).

I gcás na ngnóthas sin, arb amhlaidh faoi shamhail inmheánach pháirteach gurb infheidhme an coigeartú i ngeall ar chomhiomlánú nSCR de RFF/MAP maidir leis, i gcás ina mbeidh MAP nó RFF ag an eintiteas (seachas iad siúd faoi raon feidhme Airteagal 304 de Threoir 2009/138/CE), nuair atáthar ag tuairisciú ar leibhéal an ghnóthais iomláin, déanfar nSCR ar leibhéal modúil rioscaí agus an acmhainn ionsúcháin caillteanais (LAC) ag forálacha teicniúla agus cánacha iarchurtha atá le tuairisciú, a ríomh mar a leanas:

— I gcás ina gcuirfidh an gnóthas an coigeartú iomlán i bhfeidhm i ngeall ar chomhiomlánú nSCR de RFF/MAP ar leibhéal eintitis: déantar nSCR a ríomh mar shampla agus nach ann d'aon RFF agus ríomhfar LAC mar shuim LAC ar fud gach RFF/MAP agus na coda atá fágtha,

— I gcás ina gcuirfidh an gnóthas an Simpliú i bhfeidhm ag leibhéal fomhodúil rioscaí chun nSCR de RFF/MAP ar leibhéal eintitis a chomhiomlánú, ríomhtar nSCR agus LAC agus suimiú díreach á bhreithniú ag modh leibhéal an fhomhodúil,

— I gcás ina gcuirfidh an gnóthas an Simpliú i bhfeidhm ag leibhéal fomhodúil rioscaí chun nSCR de RFF/MAP ar leibhéal eintitis a chomhiomlánú, ríomhtar nSCR agus LAC agus suimiú díreach á bhreithniú ag modh leibhéal an mhodúil.

Déanfar an coigeartú i ngeall ar chomhiomlánú nSCR de RFF/MAP ar leibhéal eintitis a leithdháileadh (C0060) ar na modúil riosca ábhartha (i.e. riosca margaidh, riosca mainneachtana frithpháirtí, riosca frithgheallta saoil, riosca frithgheallta san árachas sláinte agus riosca frithgheallta neamhshaoil) nuair a ríomhtar iad de réir na foirmle caighdeánaí. Ríomhfar an méid atá le leithdháileadh ar gach modúil riosca ábhartha mar a leanas:

— Ríomh "thoisc q" = $\frac{adjustment}{BSCR' - nSCR_{int}}$, i gcás inarb amhlaidh gurb é

— *Adjustment* = Coigeartú arna ríomh de réir ceann de na trí mhodh dá dtagraítear thuas

— *BSCR′* = Buncheanglas um chaipiteal sócmhainneachta arna ríomh de réir na faisnéise a thuairiscítear sa teimpléad seo

— $nSCR_{int}$ = nSCR le haghaidh riosca sócmhainní doláimhsithe de réir na faisnéise a thuairiscítear sa teimpléad seo

— Iolrú na "tosca q" seo faoi nSCR gach modúil riosca ábhartha (i.e. riosca margaidh, riosca mainneachtana frithpháirtí, riosca frithgheallta saoil, riosca frithgheallta san árachas sláinte agus riosca frithgheallta neamhshaoil)

Samhlacha inmheánacha iomlána:

Is gá teimpléad SR.26.08 a líonadh isteach le haghaidh gach ciste imfhálaithe (RFF), gach punainne coigeartaithe meaitseála (MAP) agus le haghaidh an chuid atá fágtha le haghaidh gach gnóthais faoi shamhail inmheánach iomlán. I gcás ina mbeidh MAP/RFF leabaithe in RFF/MAP, áfach, ba cheart caitheamh leis an gciste mar chistí éagsúla. Ba cheart an teimpléad sin a thuairisciú le haghaidh na bhfochistí uile de RFF/MAP ábhartha mar a shainaithnítear sa dara tábla de S.01.03.

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
Comhiomlánú		
Z0020	Ciste imfhálaithe, punann coigeartaithe meaitseála nó an chuid atá fágtha	Sainaithnítear leis cibé acu a bhaineann na figiúirí a thuairiscítear le RFF, punann coigeartaithe meaitseála nó leis an gcuid atá fágtha. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — RFF/MAP 2 — An chuid atá fágtha
Z0030	Uimhir Chiste/Phunainne	I gcás ina bhfuil mír Z0020 = 1, uimhir aitheantais le haghaidh ciste imfhálaithe nó punann coigeartaithe meaitseála. Is é an gnóthas a shannann an uimhir sin agus ní mór di a bheith comhsheasmhach le himeacht ama agus leis an uimhir chiste/phunainne a thuairiscítear i dteimpléid eile. I gcás ina bhfuil mír Z0020 = 2, tuairiscigh "0"
C0010/R0010	Riosca neamhspleách iomlán	Suim na muirear caipitil éagsúlaithe le haghaidh gach modúil riosca. Ní áirítear leis éagsúlú idir modúil riosca. S.26.09.04 C0020/R0020 + S.26.11.04 C0110/R0210 + S.26.12.01 C0070/R0220 + S.26.13.01 C0450/R2120 + S.26.13.01 C0150/R1210 + S.26.14.01 C0320/R0630 + S.26.15.01 C0220/R0070 + an chuid a ríomhtar ag úsáid na foirmle caighdeánaí le haghaidh grúpaí agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha
C0010/R0020	Éagsúlú iomlán	Méid éifeachtaí an éagsúlaithe idir modúil rioscaí. Ba cheart an méid sin a thuairisciú mar luach diúltach.

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
C0010/R0030	Riosca éagsúlaithe iomlán roimh cháin	An méid muirear caipitil éagsúlaithe roimh cháin.
C0010/R0040	Riosca éagsúlaithe iomlán tar éis cánach	An méid muirear caipitil éagsúlaithe tar éis cánach.
C0010/R0050	Acmhainneacht ionsúcháin caillteanais cánacha iarchurtha	Méid an choigeartaithe i leith acmhainneacht ionsúcháin caillteanais cánacha iarchurtha. Ba cheart an méid sin a thuairisciú mar luach diúltach.
C0010/R0060	Acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla	Méid an choigeartaithe i leith acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla. Ba cheart an méid sin a thuairisciú mar luach diúltach.
C0010/R0070	Riosca margaidh & creidmheasa iomlán	Mar an gcéanna le S.26.09.04 C0020/R0010 + an chuid a ríomhtar ag úsáid na foirmle caighdeánaí le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha.
C0010/R0080	Riosca Margaidh & Creidmheasa – éagsúlaithe	S.26.08.01 C0020/R0070 + an chuid a ríomhtar ag úsáid na foirmle caighdeánaí le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha, lúide cuid den éagsúlú iomlán a leithdháileann algartam an ghnóthais ar riosca margaidh & creidmheasa.
C0010/R0090	Riosca an ráta úis	Mar an gcéanna le S.26.09.04 C0020/R0060 + an chuid a ríomhtar ag úsáid na foirmle caighdeánaí le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha.
C0010/R0100	Riosca luaineachta an ráta úis	Mar an gcéanna le S.26.09.04 C0020/R0070 + an chuid a ríomhtar ag úsáid na foirmle caighdeánaí le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha.
C0010/R0110	Riosca boilscithe	Mar an gcéanna le S.26.09.04 C0020/R0080 + an chuid a ríomhtar ag úsáid na foirmle caighdeánaí le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha.
C0010/R0120	Riosca gnáthscaireanna	Mar an gcéanna le S.26.09.04 C0020/R0110 + an chuid a ríomhtar ag úsáid na foirmle caighdeánaí le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha.
C0010/R0130	Riosca luaineachta gnáthscaireanna	Mar an gcéanna le S.26.09.04 C0020/R0120 + an chuid a ríomhtar ag úsáid na foirmle caighdeánaí le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha.
C0010/R0140	Riosca réadmhaoine	Mar an gcéanna le S.26.09.04 C0020/R0130 + an chuid a ríomhtar ag úsáid na foirmle caighdeánaí le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha.

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
C0010/R0150	Riosca airgeadra	Mar an gcéanna le S.26.09.04 C0020/R0140 + an chuid a ríomhtar ag úsáid na foirmle caighdeánaí le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha.
C0010/R0160	Riosca raon difríochta creidmheasa	Mar an gcéanna le S.26.09.04 C0020/R0180 + an chuid a ríomhtar ag úsáid na foirmle caighdeánaí le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha.
C0010/R0170	Riosca teagmhas creidmheasa (imirce & mainneachtain)	Mar an gcéanna le S.26.09.04 C0020/R0170 + an chuid a ríomhtar ag úsáid na foirmle caighdeánaí le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha.
C0010/R0180	Suim riosca creidmheasa (raon difríochta, imirce & mainneachtain)	Mar an gcéanna le S.26.09.04 C0020/R0150 + an chuid a ríomhtar ag úsáid na foirmle caighdeánaí le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha.
C0010/R0190	Riosca teagmhais chreidmheasa nach gcumhdaítear i riosca margaidh & creidmheasa	SCR arna leithdháileadh ar riosca teagmhas creidmheasa nach gcumhdaítear leis an modúl riosca margaidh & creidmheasa.
C0010/R0200	Riosca teagmhais chreidmheasa nach gcumhdaítear i riosca margaidh & creidmheasa - éagsúlaithe	S.26.08.04 C0010/R0090 + an chuid a ríomhtar ag úsáid na foirmle caighdeánaí le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha, lúide éagsúlú arna leithdháileadh ar riosca teagmhas creidmheasa nach gcumhdaítear leis an modúl riosca margaidh & creidmheasa.
C0010/R0210	Ionstraimí airgeadais riosca boinn	Muirear caipitil arna leithdháileadh ar riosca boinn le haghaidh ionstraimí airgeadais (riosca fáluithe neamhfhoirfe. Suim na ndifríochtaí praghais idir sócmhainn agus ionstraim fálaithe). Gan le tuairisciú ach amháin i gcás ina samhlaíonn an gnóthas é sin go sainráite ina mhodúl féin agus inar léirigh sé amhlaidh in C0140/R0760.
C0010/R0220	Riosca díorthach	Muirear caipitil arna leithdháileadh ar riosca díorthach (gach díorthach nach n-úsáidtear chun críoch fálaithe). Gan le tuairisciú ach amháin i gcás ina samhlaíonn an gnóthas é sin go sainráite ina mhodúl féin agus inar léirigh sé amhlaidh in C0140/R0770.
C0010/R0230	Rannpháirtíochtaí	Muirear caipitil arna leithdháileadh ar rannpháirtíochtaí. Gan le tuairisciú ach amháin i gcás ina samhlaíonn an gnóthas é sin go sainráite ina mhodúl féin agus inar léirigh sé amhlaidh in C0140/R0720.
C0010/R0240	Riosca leachtachta	Muirear caipitil arna leithdháileadh ar riosca leachtachta. Gan le tuairisciú ach amháin i gcás ina samhlaíonn an gnóthas é sin go sainráite ina mhodúl féin agus inar léirigh sé amhlaidh in C0140/R0730.

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
C0010/R0250	Riosca pinsin	Muirear caipitil arna leithdháileadh ar riosca pinsin. Gan le tuairisciú ach amháin i gcás ina samhlaíonn an gnóthas é sin go sainráite ina mhodúl féin agus inar léirigh sé amhlaidh in C0140/R0740.
C0010/R0260	Riosca comhchruinnithe	Muirear caipitil arna leithdháileadh ar riosca comhchruinnithe. I gcás gnóthais a úsáideann samhail inmheánach iomlán, ní thuairisceofar sin ach amháin i gcás ina samhlaíonn an gnóthas é sin go sainráite ina mhodúl féin agus inar léirigh sé amhlaidh in C0140/R0750.
C0010/R0270	Riosca gnó iomlán	Muirear caipitil arna leithdháileadh ar riosca gnó. Gan le tuairisciú ach amháin i gcás ina samhlaíonn an gnóthas é sin go sainráite ina mhodúl féin.
C0010/R0280	Riosca Gnó iomlán - éagsúlaithe	S.26.08.04 C0010/R0240 lúide cuid den éagsúlú iomlán a leithdháileann algartam an ghnóthais ar riosca gnó.
C0010/R0290	Riosca frithgheallta iomlán	S.26.08.04 C0010/R0130 + S.26.08.04 C0010/R0400 + an chuid a ríomhtar ag úsáid na foirmle caighdeánaí le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha
C0010/R0300	Riosca frithgheallta iomlán — éagsúlaithe	S.26.08.04 C0010/R0290 + an chuid a ríomhtar ag úsáid na foirmle caighdeánaí le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha, lúide cuid den éagsúlú iomlán a leithdháileann algartam an ghnóthais ar riosca frithgheallta.
C0010/R0310	Glanriosca frithgheallta Neamhshaoil Iomlán	Suim S.26.08.04 C0010/R0360, R0370, R0380 + R0390 + an chuid a ríomhtar ag úsáid na foirmle caighdeánaí le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha.
C0010/R0320	Glanriosca frithgheallta Neamhshaoil iomlán - éagsúlaithe	S.26.08.04 C0010/R0310 + an chuid a ríomhtar ag úsáid na foirmle caighdeánaí le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha, lúide cuid den éagsúlú iomlán a leithdháileann algartam an ghnóthais ar riosca frithgheallta neamhshaoil.
C0010/R0330	Glanriosca NAT CAT	S.26.13.04 C0430/R1690 + S.26.13.04 C0430/R1700 + an chuid a ríomhtar ag úsáid na foirmle caighdeánaí le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha
C0010/R0340	Glanriosca de dhéantús an duine	S.26.13.04 C0430/R1710 + S.26.13.04 C0430/R1720 + an chuid a ríomhtar ag úsáid na foirmle caighdeánaí le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha
C0010/R0350	Riosca cúlchiste comhlán	Mar an gcéanna le S.26.13.04 C0050/R0090 + an chuid a ríomhtar ag úsáid na foirmle caighdeánaí le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha.

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
C0010/R0360	Riosca préimhe comhlán	Mar an gcéanna le S.26.13.04 C0080/R0540 + an chuid a ríomhtar ag úsáid na foirmle caighdeánaí le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha.
C0010/R0370	Riosca frithgheallta Saoil & Sláinte Iomlán	Suim S.26.08.04 C0010/R0420-R0480 + an chuid a ríomhtar ag úsáid na foirmle caighdeánaí le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha. nó suim S.26.08.04 C0010/R0480-R0500 + an chuid a ríomhtar ag úsáid na foirmle caighdeánaí le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha.
C0010/R0380	Riosca frithgheallta Saoil & Sláinte iomlán - éagsúlaithe	S.26.08.04 C0010/R0400 + an chuid a ríomhtar ag úsáid na foirmle caighdeánaí le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha, lúide cuid den éagsúlú iomlán a leithdháileann algartam an ghnóthais ar riosca saoil & sláinte.
C0010/R0390	Riosca mortlaíochta	S.26.14.04 C0070/R0010 + S.26.14.04 C0070/R0310 + an chuid a ríomhtar ag úsáid na foirmle caighdeánaí le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha
C0010/R0400	Riosca fadsaolaí	S.26.14.04 C0070/R0050 + S.26.14.04 C0070/R0360 + an chuid a ríomhtar ag úsáid na foirmle caighdeánaí le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha
C0010/R0410	Riosca míchumais/galrachta	S.26.14.04 C0070/R0110 + S.26.14.04 C0070/R0410 + an chuid a ríomhtar ag úsáid na foirmle caighdeánaí le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha
C0010/R0420	Dul i léig	S.26.14.04 C0070/R0160 + S.26.14.04 C0070/R0470 + an chuid a ríomhtar ag úsáid na foirmle caighdeánaí le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha
C0010/R0430	Riosca costais	S.26.14.04 C0070/R0240 + S.26.14.04 C0070/R0550 + an chuid a ríomhtar ag úsáid na foirmle caighdeánaí le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha
C0010/R0440	Riosca athbhreithnithe	S.26.14.04 C0070/R0260 + S.26.14.04 C0070/R0570 + an chuid a ríomhtar ag úsáid na foirmle caighdeánaí le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha
C0010/R0450	Riosca tubaiste	Mar an gcéanna le S.26.14.04 C0070/R0250 + S.26.14.04 C0070/R0560 + an chuid a ríomhtar ag úsáid na foirmle caighdeánaí le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha nó S.26.14.04 C0070/R0300 + S.26.14.04 C0070/R0600 + an chuid a ríomhtar ag úsáid na foirmle caighdeánaí le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha, ag brath ar struchtúr na samhla.
C0010/R0460	Riosca treochta	Mar an gcéanna le S.26.14.04 C0070/R0280 + S.26.14.04 C0070/R0580.
C0010/R0470	Riosca leibhéil	Mar an gcéanna le S.26.14.04 C0070/R0290 + S.26.14.04 C0070/R0590.

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
C0010/R0480	Riosca Oibriúcháin Iomlán	Mar an gcéanna le S.26.15.04 C0220/R0070 + an chuid a ríomhtar ag úsáid na foirmle caighdeánaí le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha.
C0010/R0490	Riosca Oibriúcháin iomlán - éagsúlaithe	S.26.08.04 C0010/R0510 + an chuid a ríomhtar ag úsáid na foirmle caighdeánaí le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha, lúide cuid den éagsúlú iomlán a leithdháileann algartam an ghnóthais ar riosca oibriúcháin.
C0010/R0500	Riosca eile	Muirear caipitil nach leithdháiltear ar na catagóirí a liostaítear anseo + an chuid a ríomhtar ag úsáid na foirmle caighdeánaí le haghaidh gnóthas agus samhail inmheánach pháirteach á húsáid i gcás inarb ábhartha.
C0050/R0010-R0500	Leithdháileadh ó choigeartuithe i ngeall ar RFF agus punanna coigeartaithe meaitseála	I gcás inarb infheidhme, cuid den choigeartú a leithdháiltear ar gach modúl riosca de réir an nós imeachta ar a dtugtar tuairisc sna barúlacha ginearálta. Beidh an méid sin deimhneach.
C0060/R0010-R0500	Breithniú na ngníomhaíochtaí bainistíochta amach anseo maidir le forálacha teicniúla agus/nó cánacha iarchurtha	Chun a shainaithint an bhfuil na gníomhaíochtaí bainistíochta amach anseo a bhaineann le hacmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla agus/nó cánacha iarchurtha leabaithe sa ríomh, úsáidfear an liosta iata roghanna seo a leanas: 1 – Gníomhaíochtaí bainistíochta amach anseo maidir le hacmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla atá leabaithe sa chomhpháirt 2 – Gníomhaíochtaí bainistíochta amach anseo maidir le hacmhainneacht ionsúcháin caillteanais cánacha iarchurtha atá leabaithe sa chomhpháirt 3 – Gníomhaíochtaí bainistíochta amach anseo maidir le hacmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla agus cánacha iarchurtha atá leabaithe sa chomhpháirt 4 – Gan breithniú leabaithe ar ghníomhaíochtaí bainistíochta amach anseo.
C0070/R0010-R0500	Méid arna shamhaltú	I gcás gach comhpháirte, léirítear leis an gcill sin an méid arna ríomh de réir na samhla inmheánaí páirtí.
C0080/R0510	Mír le meabhrú: Tuairisc ar riosca eile	Tuairisc ar a n-áirítear le muirear caipitil C0010/R0530

Rioscaí Sonracha a Samhaltaíodh – Ceadaítear "Samhaltaíodh" mar rogha iomadúil le haghaidh colúin i ngach ró más é "Níor samhaltaíodh" an rogha in C0140.

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
R0700-R0820/C0140	Arna shamhaltú go sainráite ina mhodúl féin	Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – Samhaltaíodh 2 – Níor samhaltaíodh Más é “Samhaltaíodh” an freagra, féach an tábla ag tús an chomhaid loga chun a fháil amach céard a líonfar isteach. Más é “Níor samhaltaíodh” an freagra, ní mór C0150 go C0190 a líonadh isteach le haghaidh gach ró ag brath ar an áit lena gcumhdaítear an riosca. Mura gcumhdaítear é, is é “Níor samhaltaíodh” ba cheart a bheith ann le haghaidh gach cóid sa ró céanna.
R0700-R0770/C0150	Margadh agus Creidmheas	Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – Samhaltaíodh 2 – Níor samhaltaíodh Más é “Samhaltaíodh” an freagra in C0140, ní mór sin a shocrú go “Níor samhaltaíodh”. Ina mhalairt de chás, ba cheart é a shocrú go “Samhaltaíodh” má chumhdaítear an riosca sonraithe i ngach ró leis an modúl riosca margaidh & creidmheasa.
R0700-R0770/C0160	Neamhshaol	Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – Samhaltaíodh 2 – Níor samhaltaíodh Más é “Samhaltaíodh” an freagra in C0140, ní mór sin a shocrú go “Níor samhaltaíodh”. Ina mhalairt de chás, ba cheart é a shocrú go “Samhaltaíodh” má chumhdaítear an riosca sonraithe i ngach ró leis an modúl riosca neamhshaoil.
R0700-R0770/C0170	Saol & Sláinte	Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – Samhaltaíodh 2 – Níor samhaltaíodh Más é “Samhaltaíodh” an freagra in C0140, ní mór sin a shocrú go “Níor samhaltaíodh”. Ina mhalairt de chás, ba cheart é a shocrú go “Samhaltaíodh” má chumhdaítear an riosca sonraithe i ngach ró leis an modúl riosca Saoil & Sláinte.
R0700-R0770/C0180	Oibriúcháin	Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – Samhaltaíodh 2 – Níor samhaltaíodh Más é “Samhaltaíodh” an freagra in C0140, ní mór sin a shocrú go “Níor samhaltaíodh”. Ina mhalairt de chás, ba cheart é a shocrú go “Samhaltaíodh” má chumhdaítear an riosca sonraithe i ngach ró leis an modúl riosca Oibriúcháin.
R0700-R0770/C0190	Eile	Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – Samhaltaíodh 2 – Níor samhaltaíodh Más é “Samhaltaíodh” an freagra in C0140, ní mór sin a shocrú go “Níor samhaltaíodh”. Ina mhalairt de chás, ba cheart é a shocrú go “Samhaltaíodh” má chumhdaítear an riosca sonraithe i ngach ró le modúl riosca eile nach luaitear anseo.

S.26.09 – Samhail inmheánach: Riosca margaidh & creidmheasa – le haghaidh ionstraimí airgeadais

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh grúpaí.

Tuairisceofar an teimpléad seo bunaithe ar an infhaighteacht sonraí de réir ailtireacht inmheánach na samhla agus na próifíle riosca i gcás inar féidir le hiarracht réasúnach. Na sonraí a bheidh le tuairisciú, comhaontófar iad idir údaráis mhaoirseachta náisiúnta agus grúpaí.

Mura sonraítear a mhalairt, úsáidfear "luachanna Shócmhainneacht II", i.e. na prionsabail luachála a leagtar amach i dTreoir 2009/138/CE, i Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 agus i gCaighdeáin Theicniúla agus Treoirlínte Shócmhainneacht 2 a chur i bhfeidhm.

Leis an gcuid seo de na ceanglais um thuairisciú cumhdaítear an riosca margaidh agus creidmheasa a eascraíonn as leibhéal nó luaineacht margadhphrasanna ionstraimí airgeadais, a imríonn tionchar ar luach sócmhainní agus dliteanas an ghnóthais nó an ghrúpa. Le riosca creidmheasa cumhdaítear na trí ghnáthghné seo: "raon difríochta", "imirce" agus "mainneachtain".

Áireofar ar na figiúirí an tionchar ar shócmhainní agus dliteanais, lena n-áirítear aon tionchar ar roghanna agus ráthaíochtaí agus ar shochair lánroghnacha todhchaí le haghaidh sealbhóirí polasaí ("acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla").

Ní áireofar ar na figiúirí sin acmhainneacht ionsúcháin caillteanais cánacha iarchurtha.

Tá trí phríomhbhloc tógála sa teimpléad seo:

1. "Faisnéis ghinearálta" maidir le cúpla príomhghné de chur chuige na samhlacha

2. "Ceanglais chaipitil neamhspleácha maidir le riosca margaidh & creidmheasa agus sonraí forlíontacha maidir le dáileadh"

3. "Íogaireachtaí agus sonraí maidir le neamhchosaint"

S.26.09.04.01: Faisnéis ghinearálta

Maidir le samhlacha riosca margaidh agus creidmheasa, iarrtar anseo dhá fhíoras maidir le cur chuige na samhlacha agus an raon feidhme, ós tábhachtach iad chun anailís a dhéanamh ar shonraí, is iad sin: Cé acu a áirítear nó nach n-áirítear "éifeachtaí aosaithe" sa tsamhail agus an gcumhdaítear ionstraimí neamhairgeadais le riosca creidmheasa. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach thíos.

S.26.09.04.02: Ceanglais chaipitil neamhspleácha maidir le riosca margaidh & creidmheasa agus sonraí forlíontacha maidir le dáileadh

Bunaithe ar cheanglais Airteagal 228 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, leis an réamhaisnéis maidir le dáileadh dóchúlachta atá foluiteach leis an tsmar shampla inmheánach, sannfar dóchúlachtaí d'athruithe ar mhéid bhunchistí dílse an ghnóthais árachais nó athárachais nó ar mhéideanna airgeadaíochta eile, mar shampla brabús agus caillteanas, ar choinníoll gur féidir na méideanna airgeadaíochta sin a úsáid chun na hathruithe ar bhunchistí dílse a chinneadh. Sa tacar cuimsitheach de theagmhais chomheisiacha amach anseo dá dtagraítear in Airteagal 13(38) de Threoir 2009/138/CE, beidh líon leordhóthanach teagmhas chun próifíl riosca an ghnóthais a léiriú.

I dteimpléad S.26.09.04.02, iarrtar ar úsáideoirí samhla inmheánaí bunluachanna staidrimh áirithe ón dáileadh de thionchair cistí dílse atá bainteach leis an réamhaisnéis maidir le dáileadh dóchúlachta a sholáthar nuair a shriantar na teagmhais dóibh sin nach bhfuil bainteach ach le cineál áirithe riosca ("riosca neamhspleách" nó "riosca imeallach"). Leis an "riosca imeallach" le haghaidh rátaí úis, mar shampla, chumhdófaí go háirithe athruithe ar leibhéal an ráta úis, ach de ghnáth ní dhéanfaí athrú sna hionsamhluithe ar luach gnáthscaireanna *inter alia*.

Cumhdaítear le S.26.09.04.02 fo-rioscaí tipiciúla riosca margaidh agus creidmheasa agus ceanglaítear leis figiúirí in dhá fhothacar:

I. figiúirí dála "SCR" faoin éagsúlacht lamháltais le haghaidh "bearta ráthaíochta fadtéarmacha" atá comhchosúil le "tionchar LTGM" S.22 QRT:

Ba cheart na figiúirí sin a bheith bainteach le 99,5 % VaR faoin mbeart riosca a úsáidtear chun an Ceanglas um Chaipiteal Sócmhainneachta (SCR) a ríomh. Go ginearálta, tá coinne leis go gcuirfidh tú do "shainmhíniú SCR" samhaltaithe i bhfeidhm maidir leis na bunchistí dílse gan srianta cáilitheachta agus gan acmhainneacht ionsúcháin caillteanais cánacha iarchurtha. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh an figiúr a iarrtar a bheith éagsúil le cúigil shamplach 0,5 % ó thaobh na dtionchar ionsamhlaithe (agus comhartha diúltach leis), mar gheall ar an meastóir staidrimh le haghaidh pheircintíl 0,5 (e.g. lena n-áirítear aon scéim idirshuímh nó smúdála).

Chun críocha na gceanglas tuairiscithe sin, is é "VaR samhaltaithe" (mVaR) a ghairtear den luach sin le haghaidh an 99,50 % de bhunchistí dílse.

Iarrtar ort an "mVaR 99,50 %" sin a sholáthar le haghaidh na n-éagsúlachtaí seo a leanas de na "bearta ráthaíochta fadtéarmacha" (LTGM):

— mVaR 99,50 % lena n-áirítear gach LTGM a chuireann tú i bhfeidhm go tráthrialta

— mVaR 99,50 % gan beart idirthréimhseach maidir le forálacha teicniúla

— mVaR 99,50 % gan beart idirthréimhseach maidir le rátaí úis

— mVaR 99,50 % gan coigeartú luaineachta (VA) agus gan forálacha idirthréimhseacha

— mVaR 99,50 % gan coigeartú meaitseála (MA) agus gan gach LTGM eile

II. Bunsonraí staidrimh ón "dáileadh imeallach"

Ón dáileadh le haghaidh an riosca imeallaigh faoi bhreithniú, soláthair na tionchair atá bainteach leis na sonraí seo a leanas. Ba cheart na luachanna sin a thógáil go díreach ón dáileadh, i.e. sa chás go mbeadh mVaR éagsúil le cuaintíl 99,50 %, soláthair na sonraí gan gnéithe ó do mheastóir staidrimh a cheadú:

— Meán

— Diall caighdeánach

— Tionchair a chomhfhreagraíonn do mVaR le haghaidh na gcuaintílí sainaitheanta.

S.26.09.04.03: Íogaireachtaí agus sonraí maidir le neamhchosaintí

I dteimpléad S.26.09.04.03, iarrtar sonraí ar cheart dóibh tacú leis an anailís ar thorthaí agus próifíl riosca, is é sin "íogaireachtaí" na gcistí dílse agus faisnéis maidir le "neamhchosaint" i ndáil leis an riosca margaidh agus creidmheasa le haghaidh ionstraimí airgeadais.

Le S.26.09.04.03, i gcás gach ceann de na fo-rioscaí a chumhdaítear le S.26.09.01.02, iarrtar sonraí maidir le neamhchosaint sa chás bunaidh agus i gcásanna áirithe struis. Sonraí maidir le neamhchosaint atá i luach Shócmhainneacht II de chuid na míreanna seo a leanas, ach is amhlaidh sin le haghaidh na n-iontrálacha úd faoi na míreanna sin agus lena n-aghaidh sin amháin, atá faoi réir an riosca faoi seach:

— Sócmhainní

— Dliteanais

— Sócmhainní lúide dliteanais

— Sócmhainní gan cinn aonadnasctha a áireamh

— Dliteanais gan cinn aonadnasctha a áireamh

— Sócmhainní gan cinn aonadnasctha a áireamh lúide dliteanais gan cinn aonadnasctha a áireamh

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
Faisnéis ghinearálta		
C0010/R0020	An cineál samhla turrainge le haghaidh riosca margaidh	I gcás riosca margaidh & creidmheasa, tá dhá chur chuige ann a leanann samhlacha inmheánacha maidir le tréimhse ionchais 1 bhliain amháin Shócmhainneacht II, a bheag nó a mhór. Samhlacha turrainge meandraí nó réamh-mheastachán thar 1 bhliain amháin, ar ag a dheireadh a bheadh aibíocht 1 bhliain amháin ag banna a bhfuil aibíocht 2 bhliain aige ag tús an réamh-mheastacháin, mar shampla. Iarrtar ar an ngnóthas an cheist maidir le "riosca margaidh" a fhreagairt. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – Samhail turrainge meandraí 2 – Samhail réamh-mheastacháin
C0010/R0030	An cineál samhla turrainge le haghaidh riosca creidmheasa	I gcás riosca margaidh & creidmheasa, tá dhá chur chuige ann a leanann samhlacha inmheánacha maidir le tréimhse ionchais 1 bhliain amháin Shócmhainneacht II, a bheag nó a mhór. Samhlacha turrainge meandraí nó réamh-mheastachán thar 1 bhliain amháin, ar ag a dheireadh a bheadh aibíocht 1 bhliain amháin ag banna a bhfuil aibíocht 2 bhliain aige ag tús an réamh-mheastacháin, mar shampla. Ba cheart freagra a thabhairt maidir le "riosca creidmheasa". Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – Samhail turrainge meandraí 2 – Samhail réamh-mheastacháin
C0010/R0040	Cumhdach ionstraimí neamhairgeadais	Sainaithnítear leis cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear riosca creidmheasa le haghaidh ionstraimí neamhairgeadais le táblaí 2 agus 3 agus, má chumhdaítear, a mhéid a chumhdaítear. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – Ní úsáidfear 2 – Go hiomlán 3 – Go páirteach Baineann an rogha go príomha leis an gcur chuige chun "teagmhas creidmheasa" a shamhaltú, i.e. "imirce" agus "mainneachtain". Go háirithe, ní infheistíochtaí amháin a chumhdaítear le samhlacha punainne creidmheasa, mar a ghairtear díobh, ach athárachas, méideanna in-aisghabhála agus míreanna lasmuigh den chlár comhardaithe freisin mar shampla. Baineann an fhaisnéis chomhfhreagrach le hábhar an léirmhínithe ar líne R12 go R17, a bhaineann le riosca creidmheasa i dtábla 2 ("rioscaí imeallacha", S.26.09 R0150 go R0200), agus le hábhar thábla 3 ("rioscaí comhcheangailte", S.26.09 R0010 go R0030).
RIOSCA MARGAIDH AGUS CREIDMHEASA NEAMHSPLEÁCH: "SCR" AGUS SONRAÍ MAIDIR LE DÁILEADH		
C0020-C0060/R0040	Suim riosca an ráta úis	Suim luachanna C0020-C0060/R0060 agus C0020-C0060/R0070 faoi seach.

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
C0020-C0300/R0050	Suim riosca an ráta úis, ar cuid de sin: Riosca an ráta úis arna éagsúlú	Laistigh den riosca margaidh agus creidmheasa, is éard atá i riosca an ráta úis íogaireacht luachanna na sócmhainní, na ndliteanas agus na n-ionstraimí airgeadais ó thaobh athruithe ar struchtúr téarma rátaí úis, nó ar luaineacht rátaí úis. Níl íogaireacht ó thaobh aon ghné den riosca creidmheasa i gceist leis. Sa líne sin, níor cheart a chur san áireamh ach an t-éagsúlú idir athruithe ar struchtúr téarma rátaí úis agus athruithe ar luaineacht rátaí úis.
C0020-C0300/R0060	Suim riosca an ráta úis, ar cuid de sin: Riosca an ráta úis	Is éard atá sa riosca sin íogaireacht luachanna na sócmhainní, na ndliteanas agus na n-ionstraimí airgeadais ó thaobh athruithe ar struchtúr téarma rátaí úis, ach níl athruithe ar luaineacht rátaí úis ná aon ghné den riosca creidmheasa i gceist leis.
C0020-C0300/R0070	Suim riosca an ráta úis, ar cuid de sin: Riosca luaineachta an ráta úis	Is éard atá sa riosca sin íogaireacht luachanna na sócmhainní, na ndliteanas agus na n-ionstraimí airgeadais ó thaobh athruithe ar luaineacht rátaí úis ach níl aon ghné den riosca creidmheasa i gceist leis.
C0020-C0300/R0080	Riosca boilscithe	Laistigh den riosca margaidh agus creidmheasa, is éard atá sa riosca íogaireacht luachanna na sócmhainní, na ndliteanas agus na n-ionstraimí airgeadais ó thaobh athruithe ar an mboilsciú. Ós rud é go gceadaítear boilsciú i samhlacha inmheánacha áirithe le haghaidh riosca frithgheallta, mar shampla, áirithigh nach bhfuil aon chomhaireamh dúbailte ann.
C0020-C0060/R0090	Suim riosca gnáthscaireanna	Suim luachanna C0020-C0060/R0110 agus C0020-C0060/R0120 faoi seach.
C0020-C0300/R0100	Suim riosca gnáthscaireanna, ar cuid de sin: Riosca gnáthscaireanna arna éagsúlú	Laistigh den riosca margaidh agus creidmheasa, is éard atá sa riosca gnáthscaireanna íogaireacht luachanna na sócmhainní, na ndliteanas agus na n-ionstraimí airgeadais ó thaobh athruithe ar leibhéal margadhphraghsanna gnáthscaireanna nó ar a luaineacht. Sa líne sin, ba cheart an t-éagsúlú idir an leibhéal agus athruithe ar luaineacht margadhphraghsanna a chur san áireamh.
C0020-C0300/R0110	Suim riosca gnáthscaireanna, ar cuid de sin: Riosca gnáthscaireanna	Is éard atá sa riosca gnáthscaireanna íogaireacht luachanna na sócmhainní, na ndliteanas agus n-ionstraimí airgeadais ó thaobh athruithe ar leibhéal margadhphraghsanna gnáthscaireanna.
C0020-C0300/R0120	Suim riosca gnáthscaireanna, ar cuid de sin: Riosca luaineachta gnáthscaireanna	Is éard atá sa riosca luaineachta íogaireacht luachanna na sócmhainní, na ndliteanas agus na n-ionstraimí airgeadais ó thaobh athruithe ar luaineacht margadhphraghsanna gnáthscaireanna.
C0020-C0300/R0130	Riosca réadmhaoine	Laistigh den riosca margaidh agus creidmheasa, is éard atá sa riosca réadmhaoine íogaireacht luachanna na sócmhainní, na ndliteanas agus na n-ionstraimí airgeadais ó thaobh athruithe ar leibhéal margadhphraghsanna réadmhaoine. Ar bhonn difriúil le e.g. iarrtar riosca gnáthscaireanna gan deighilt i “leibhéal” agus “luaineacht”.

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
C0020-C0300/R0140	Riosca airgeadra	Laistigh den riosca margaidh agus creidmheasa, is éard atá sa riosca airgeadra íogaireacht luachanna na sócmhainní, na ndliteanas agus n-ionstraimí airgeadais ó thaobh athruithe ar rátaí malairte airgeadra nó ar a luaineacht. Ar bhonn difriúil le e.g. iarrtar riosca gnáthscaireanna gan deighilt i "leibhéal" agus "luaineacht".
C0020-C0060/R0150	Suim riosca creidmheasa	Suim na luachanna faoi seach a leanas: — Riosca Teagmhais Creidmheasa ("imirce agus mainneachtain") (R0170) — Riosca raon difríochta creidmheasa "Rialtas agus bainc cheannais" (R0190) — Riosca raon difríochta creidmheasa eile (R0200) Mura mbíonn an deighilt idir "Rialtas agus bainc cheannais" (R0190) agus "eile" (R0200) ar fáil sa tsamhail, úsáid "Riosca Raon Difríochta Creidmheasa" (R0180) sa tsuim ina ionad sin.
C0020-C0300/R0160	Suim riosca creidmheasa, ar cuid de sin: Riosca creidmheas arna éagsúlú	Laistigh den riosca margaidh agus den riosca creidmheasa, is éard atá sa riosca creidmheasa íogaireacht luachanna na sócmhainní, na ndliteanas agus na n-ionstraimí airgeadais ó thaobh athruithe ar raonta difríochta creidmheasa nó imirce creidmheasa nó mainneachtain creidmheasa. Sa líne sin, ba cheart an t-éagsúlú idir athruithe ar raonta difríochta creidmheasa nó imirce creidmheasa nó mainneachtain creidmheasa a chur san áireamh. Tabharfar riosca creidmheasa de réir an raoin feidhme mar a shainmhínítear sa tsamhail inmheánach agus ní fhéadfaí a chumhdach leis ach ionstraimí airgeadais nó d"fhéadfaí a chumhdach leis aon sócmhainn agus míreanna lasmuigh den chlár comhardaithe freisin.
C0020-C0300/R0170	Suim riosca creidmheasa, ar cuid de sin: Riosca teagmhais creidmheasa ("imirce agus mainneachtain")	Is éard atá sa riosca teagmhais creidmheasa íogaireacht luachanna na sócmhainní, na ndliteanas agus na n-ionstraimí airgeadais ó thaobh athruithe ar imirce creidmheasa nó mainneachtain creidmheasa. Ba cheart an t-éagsúlú idir imirce creidmheasa agus mainneachtain creidmheasa a chur san áireamh. Tabharfar riosca creidmheasa de réir an raoin feidhme mar a shainmhínítear sa tsamhail inmheánach agus ní fhéadfaí a chumhdach leis ach ionstraimí airgeadais nó d'fhéadfaí a chumhdach leis aon sócmhainn agus míreanna lasmuigh den chlár comhardaithe freisin.
C0020-C0300/R0180	Suim riosca creidmheasa, ar cuid de sin: Riosca raon difríochta creidmheasa	Is éard atá sa riosca raon difríochta creidmheasa íogaireacht luachanna na sócmhainní, na ndliteanas agus na n-ionstraimí airgeadais ó thaobh athruithe ar luach na n-ionstraimí airgeadais de bharr athruithe ar raonta difríochta thar an struchtúr téarma atá saor ó riosca, athruithe nach mbaineann le himirce nó mainneachtain (pháirteach).

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
C0020-C0300/R0190	Riosca raon difríochta creidmheasa - Riosca raon difríochta "Rialtas agus bainc cheannais"	Is éard atá sa riosca raon difríochta creidmheasa "Rialtas agus bainc cheannais" íogaireacht luachanna na sócmhainní, na ndliteanas agus na n-ionstraimí airgeadais ó thaobh athruithe ar luach na n-ionstraimí airgeadais arna n-eisiúint ag rialtais agus bainc cheannais de bharr athruithe ar raonta difríochta thar an struchtúr téarma atá saor ó riosca, athruithe nach mbaineann le himirce nó mainneachtain (pháirteach). Áirítear sa liosta a leanas cóid CIC na gcineálacha sócmhainní a shanntar do rialtas nó do bhainc cheannais: 13, 14, 15, 16, 17, 19. Úsáideadh na cóid CIC 13 agus 14 chun bannaí arna n-eisiúint ag Rialtais réigiúnacha agus údaráis áitiúla (RGLA) a shainaithint. Ba cheart RGLA a leithdháileadh ar phunann rialtais má liostaítear iad i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2011 ón gCoimisiún agus mura liostaítear iad ann ba cheart iad a leithdháileadh ar phunann corparáideach neamh-airgeadais de réir a gcéime cáilíochta creidmheasa.
C0020-C0300/R0200	Riosca raon difríochta creidmheasa eile	Is éard atá sa riosca raon difríochta creidmheasa "eile" íogaireacht luachanna na sócmhainní, na ndliteanas agus na n-ionstraimí airgeadais ó thaobh athruithe ar luach na n-ionstraimí airgeadais nach bhfuil eisithe ag rialtais agus bainc cheannais de bharr athruithe ar raonta difríochta thar an struchtúr téarma atá saor ó riosca, athruithe nach mbaineann le himirce nó mainneachtain (pháirteach).

RIOSCA MARGAIDH AGUS CREIDMHEASA NEAMHSPLEÁCH: Riosca margaidh agus creidmheasa comhcheangailte

C0020-C0060/R0020	Riosca margaidh agus creidmheasa arna éagsúlú	Sa líne sin, soláthair sonraí le haghaidh an riosca margaidh agus creidmheasa chomhcheangailte, i.e. an riosca a eascraíonn as leibhéal nó luaineacht mhargadhphraghsanna na sócmhainní, rud a bhfuil tionchar aige ar luach shócmhainní agus dhliteanais an ghnóthais nó an ghrúpa. Le riosca creidmheasa cumhdaítear na trí ghnáthghné seo: "raon difríochta", "imirce" agus "mainneachtain". Tabharfar riosca creidmheasa de réir an raoin feidhme mar a shainmhínítear sa tsamhail inmheánach agus ní fhéadfaí a chumhdach leis ach ionstraimí airgeadais nó d'fhéadfaí a chumhdach leis aon sócmhainn agus míreanna lasmuigh den chlár comhardaithe freisin.
C0020-C0060/R0010	Suim an riosca margaidh agus creidmheasa (comhpháirteanna leibhéal 2)	Suim na luachanna faoi seach a leanas: — Riosca an ráta úis arna éagsúlú (R0050) — Riosca boilscithe (R0080) — Riosca gnáthscaireanna arna éagsúlú (R0100) — Riosca réadmhaoine (R0130) — Riosca airgeadra (R0140) — Suim an riosca creidmheasa (R0150)

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
C0020-C0060/R0030	Éagsúlú riosca margaidh agus creidmheasa	An méid a chomhfhreagraíonn don difríocht idir C0020-C0060/R0020 agus C0020-C0060/R0010. Ba cheart an méid sin a thuairisciú mar luach diúltach.

RIOSCA MARGAIDH AGUS CREIDMHEASA NEAMHSPLEÁCH: Íogaireachtaí & sonraí maidir le neamhchosaint

C0310-C0360/R0210	Neamhchosaint atá íogair ó thaobh rátaí úis - cás bunaidh/gan turraing	Luach Shócmhainneacht II i gclár comhardaithe Shócmhainneacht II ar phríomhdháta na neamhchosanta mar a shonraítear thuas agus faoi réir riosca an ráta úis.
C0310-C0360/R0220	Rátaí úis (aistriú comhuaineach sna haibíochtaí uile) faoi – 100 bps	Luach Shócmhainneacht II de chuid na neamhchosanta faoi réir riosca an ráta úis mar a shonraítear thuas ach i gcás aistriú comhuaineach – 100 bps ar rátaí úis i gcás na n-aibíochtaí uile. Déanann an t-aistriú seo difear do na haibíochtaí uile, ní hamháin iad siúd atá roimh an "pointe deiridh leachtachta" (LLP).
C0310-C0360/R0230	Rátaí úis (aistriú comhuaineach sna haibíochtaí uile) faoi + 100 bps	Luach Shócmhainneacht II de chuid na neamhchosanta faoi réir riosca an ráta úis mar a shonraítear thuas ach i gcás aistriú comhuaineach + 100 bps ar rátaí úis i gcás na n-aibíochtaí uile. Tabhair faoi deara go ndéanann an t-aistriú seo difear do na haibíochtaí uile, ní hamháin iad siúd atá roimh an "pointe deiridh leachtachta" (LLP).
C0310-C0360/R0240	Rátaí úis (aistriú comhuaineach sna haibíochtaí uile) faoi – 50 bps	Luach Shócmhainneacht II de chuid na neamhchosanta faoi réir riosca an ráta úis mar a shonraítear thuas ach i gcás aistriú comhuaineach – 50 bps ar rátaí úis i gcás na n-aibíochtaí uile. Tabhair faoi deara go ndéanann an t-aistriú seo difear do na haibíochtaí uile, ní hamháin iad siúd atá roimh an "pointe deiridh leachtachta" (LLP).
C0310-C0360/R0250	Rátaí úis (aistriú comhuaineach sna haibíochtaí uile) faoi + 50 bps	Luach Shócmhainneacht II de chuid na neamhchosanta faoi réir riosca an ráta úis mar a shonraítear thuas ach i gcás aistriú comhuaineach + 50 bps ar rátaí úis i gcás na n-aibíochtaí uile. Tabhair faoi deara go ndéanann an t-aistriú seo difear do na haibíochtaí uile, ní hamháin iad siúd atá roimh an "pointe deiridh leachtachta" (LLP).
C0310-C0360/R0260	neamhchosaint atá íogair ó thaobh rátaí boilscithe - cás bunaidh/gan turraing	Luach Shócmhainneacht II i gclár comhardaithe Shócmhainneacht II ar phríomhdháta na neamhchosanta mar a shonraítear thuas agus faoi réir an riosca boilscithe.
C0310-C0360/R0270	Rátaí boilscithe – 100 bps	Luach Shócmhainneacht II de chuid na neamhchosanta faoi réir an riosca boilscithe mar a shonraítear thuas ach i gcás laghdú – 100 bps ar rátaí boilscithe. Ba cheart an íogaireacht seo a chur i bhfeidhm i gcomhréir le sainmhíniú na samhlacha inmheánacha agus leithdháileadh an riosca boilscithe.

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
C0310-C0360/R0280	Rátaí boilscithe + 100 bps	Luach Shócmhainneacht II de chuid na neamhchosanta faoi réir an riosca boilscithe mar a shonraítear thuas ach i gcás méadú + 100 bps ar rátaí boilscithe. Ba cheart an íogaireacht seo a chur i bhfeidhm i gcomhréir le sainmhíniú na samhlacha inmheánacha agus leithdháileadh an riosca boilscithe.
C0310-C0360/R0290	Neamhchosaint atá íogair ó thaobh raonta difríochta creidmheasa - cás bunaidh/gan turraing	Luach Shócmhainneacht II i gclár comhardaithe Shócmhainneacht II ar phríomhdháta na neamhchosanta mar a shonraítear thuas agus faoi réir an riosca raon difríochta creidmheasa.
C0310-C0360/R0300	Raon difríochta (aistriú uilíoch sna haibíochtaí agus sócmhainní uile) – 100 bps	Luach Shócmhainneacht II de chuid na neamhchosanta faoi réir an riosca raon difríochta creidmheasa mar a shonraítear thuas ach i gcás aistriú uilíoch i raonta difríochta creidmheasa i gcás na n-aibíochtaí agus sócmhainní uile faoi – 100 bps.
C0310-C0360/R0310	Raon difríochta (aistriú uilíoch sna haibíochtaí agus sócmhainní uile) + 100 bps	Luach Shócmhainneacht II de chuid na neamhchosanta faoi réir an riosca raon difríochta creidmheasa mar a shonraítear thuas ach i gcás aistriú uilíoch i raonta difríochta creidmheasa i gcás na n-aibíochtaí agus sócmhainní uile faoi + 100 bps.
C0310-C0360/R0320	Neamhchosaint atá íogair ó thaobh riosca an leibhéil gnáthscaireanna - cás bunaidh/gan turraing	Luach Shócmhainneacht II i gclár comhardaithe Shócmhainneacht II ar phríomhdháta na neamhchosanta mar a shonraítear thuas agus faoi réir riosca an leibhéil gnáthscaireanna.
C0310-C0360/R0330	Gnáthscaireanna (aistriú uilíoch ar luachanna) – 30 %	Luach Shócmhainneacht II de chuid na neamhchosanta faoi réir riosca an leibhéil gnáthscaireanna mar a shonraítear thuas ach i gcás laghdú uilíoch – 30 % ar luachanna.
C0310-C0360/R0340	Gnáthscaireanna (aistriú uilíoch ar luachanna) + 30 %	Luach Shócmhainneacht II de chuid na neamhchosainta faoi réir riosca an leibhéil gnáthscaireanna mar a shonraítear thuas ach i gcás méadú uilíoch faoi + 30 % ar luachanna.
C0310-C0360/R0350	Neamhchosaint atá íogair ó thaobh an Riosca réadmhaoine - cás bunaidh/gan turraing	Luach Shócmhainneacht II i gclár comhardaithe Shócmhainneacht II ar phríomhdháta na neamhchosanta mar a shonraítear thuas agus faoi réir an riosca réadmhaoine.
C0310-C0360/R0360	Réadmhaoin (aistriú uilíoch ar luachanna) – 30 %	Luach Shócmhainneacht II de chuid na neamhchosanta faoi réir an riosca réadmhaoine mar a shonraítear thuas ach i gcás laghdú uilíoch – 30 % ar luachanna.
C0310-C0360/R0370	Réadmhaoin (aistriú uilíoch ar luachanna) + 30 %	Luach Shócmhainneacht II de chuid na neamhchosanta faoi réir an riosca réadmhaoine mar a shonraítear thuas ach i gcás méadú uilíoch faoi + 30 % ar luachanna.
C0310-C0360/R0380	Neamhchosaint atá íogair ó thaobh an Riosca airgeadra - cás bunaidh/gan turraing	Luach Shócmhainneacht II i gclár comhardaithe Shócmhainneacht II ar phríomhdháta na neamhchosanta mar a shonraítear thuas agus faoi réir an riosca airgeadra.

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
C0310-C0360/R0390	Airgeadra (aistriú uilíoch ar rátaí malairte) – 10 %	Luach Shócmhainneacht II de chuid na neamhchosanta faoi réir an riosca airgeadra mar a shonraítear thuas ach i gcás laghdú uilíoch – 10 % ar rátaí malairte.
C0310-C0360/R0400	Airgeadra (aistriú uilíoch ar rátaí malairte) + 10 %	Luach Shócmhainneacht II de chuid na neamhchosanta faoi réir an riosca airgeadra mar a shonraítear thuas ach i gcás méadú uilíoch faoi + 10 % ar rátaí malairte.
C0310-C0360/R0410	Neamhchosaint atá íogair ó thaobh luaineacht an ráta úis - cás bunaidh/gan turraing	Luach Shócmhainneacht II i gclár comhardaithe Shócmhainneacht II ar phríomhdháta na neamhchosanta mar a shonraítear thuas agus faoi réir luaineacht riosca an ráta úis.
C0310-C0360/R0420	Laghdú – 25 % ar luaineacht an ráta úis	Luach Shócmhainneacht II de chuid na neamhchosanta faoi réir riosca an ráta úis mar a shonraítear thuas ach i gcás laghdú – 25 % ar luaineacht an ráta úis. Is aistriú comhuaineach den dromchla luaineachta i gcás méideanna lognormalacha agus normalacha é an t-aistriú seo. Ní fhéadtar ach ceann de na rónna R0420 nó R0430 a thuairisciú.
C0310-C0360/R0430	Laghdú – 20 bp ar luaineacht an ráta úis i gcás méideanna normalacha	Luach Shócmhainneacht II de chuid na neamhchosanta faoi réir riosca an ráta úis mar a shonraítear thuas ach i gcás laghdú – 20 bp ar luaineacht an ráta úis i gcás méideanna normalacha. Is aistriú comhuaineach den dromchla luaineachta i gcás méideanna lognormalacha agus normalacha é an t-aistriú seo. Ní fhéadtar ach ceann de na rónna R0420 nó R0430 a thuairisciú.
C0310-C0360/R0440	Méadú + 25 % ar luaineacht an ráta úis	Luach Shócmhainneacht II de chuid na neamhchosanta faoi réir riosca an ráta úis mar a shonraítear thuas ach i gcás méadú + 25 % ar luaineacht an ráta úis. Is aistriú comhuaineach den dromchla luaineachta i gcás méideanna lognormalacha agus normalacha é an t-aistriú seo. Ní fhéadtar ach ceann de na rónna R0440 nó R0450 a thuairisciú.
C0310-C0360/R0450	Méadú + 20 bp ar luaineacht an ráta úis i gcás méideanna normalacha	Luach Shócmhainneacht II de chuid na neamhchosanta faoi réir riosca an ráta úis mar a shonraítear thuas ach i gcás méadú + 20 bp ar luaineacht an ráta úis i gcás méideanna normalacha. Is aistriú comhuaineach den dromchla luaineachta i gcás méideanna lognormalacha agus normalacha é an t-aistriú seo. Ní fhéadtar ach ceann de na rónna R0440 nó R0450 a thuairisciú.

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
C0310-C0360/R0460	Neamhchosaint atá íogair ó thaobh na luaineachta gnáthscaireanna - cás bunaidh/gan turraing	Luach Shócmhainneacht II i gclár comhardaithe Shócmhainneacht II ar phríomhdháta na neamhchosanta mar a shonraítear thuas agus faoi réir riosca na luaineachta gnáthscaireanna.
C0310-C0360/R0470	Laghdú – 25 % ar an luaineacht gnáthscaireanna	Luach Shócmhainneacht II de chuid na neamhchosanta faoi réir riosca an ráta úis mar a shonraítear thuas ach i gcás laghdú – 25 % ar an luaineacht gnáthscaireanna.
C0310-C0360/R0480	Méadú + 25 % ar an luaineacht gnáthscaireanna	Luach Shócmhainneacht II de chuid na neamhchosanta faoi réir riosca an ráta úis mar a shonraítear thuas ach i gcás méadú + 25 % ar an luaineacht gnáthscaireanna.

S.26.10 – Samhail inmheánach: Riosca teagmhais creidmheasa – mionsonraí amhairc punainne

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh grúpaí.

Tuairisceofar an teimpléad seo bunaithe ar an infhaighteacht sonraí de réir ailtireacht inmheánach na samhla agus na próifíle riosca i gcás inar féidir le hiarracht réasúnach. Na sonraí a bheidh le tuairisciú, comhaontófar iad idir údaráis mhaoirseachta náisiúnta agus grúpaí.

Leis na ceanglais sonraí a leanas iarrtar sé chineál amharc ar an bpunann sócmhainní atá faoi réir imirce creidmheasa agus riosca mainneachtana creidmheasa ó thaobh punainne de. Cumhdaítear na cineálacha neamhchosaintí uile, go háirithe infheistíochtaí agus athárachas.

Is iad seo a leanas na ceithre phríomh-amharc:

— Na 10 neamhchosaint is mó tionchar ar SCR

— Na 10 neamhchosaint is mó i dtéarmaí a luacha margaidh

— Scartha de réir cineál sócmhainní

— Scartha de réir céimeanna cáilíochta creidmheasa (CQS)

Maidir leis na 10 neamhchosaint is mó, éilítear iad seo in dhá mhéadracht:

— “grúpa”, i.e. rangú neamhchosaintí i measc grúpaí de chontrapháirtithe ceangailte

— “aonair”, i.e. contrapháirtithe neamhspleácha

Sampla: Tá an caidreamh conarthach a leanas ag gnóthas A le gnóthais ghrúpa árachais G. Agus níl A mar chuid de ghrúpa G. (1) Tá conradh athárachais ag A le gnóthas R i ngrúpa G, (2) tá scaireanna den chaipitil íoctha maidir le R ag A agus (3) tá iasacht arna eisiúint ag árachóir saoil L i ngrúpa G i seilbh A ina phunann sócmhainní. Thaispeánfaí sna bloic “grúpa” na 3 neamhchosaint agus iad comhcheangailte. Thaispeánfaí sna bloic “aonair” na risíochtaí sin ar leithligh: (1) agus (2) comhcheangailte i gcás chontrapháirtí R agus (3) i gcás chontrapháirtí L.

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
Na 10 neamhchosaint is mó tionchar ar SCR (grúpa)		
C0010/R0030-R0120	Ainm na neamhchosanta Grúpa	Ainmneacha na 10 neamhchosaint, de ghrúpaí contrapháirtithe, is mó tionchar ar SCR. Tá an tionchar ar SCR sa cholún "Ranníocaíocht Riosca Creidmheasa", ar cheart dó a bheith ina ranníocaíocht le SCR creidmheasa, i.e. éagsúlú san áireamh, chomh maith le suim na n-iontrálacha sa cholún a thugann SCR riosca creidmheasa.
C0020/R0010-R0130	Luach margaidh	Luach margaidh in airgeadra tuairiscithe de réir na luachála a úsáidtear chun críocha sócmhainneachta — in R0030 go R0120 le haghaidh na 10 neamhchosaint is mó — in R0020 le haghaidh shuim na 10 neamhchosaint is mó — in R0130 le haghaidh na neamhchosaintí atá fágtha — in R0010 le haghaidh shuim na neamhchosaintí uile
C0030/R0010-R0130	Neamhchosaint ar mhainneachtain	Méid na Neamhchosanta ar mhainneachtain: — in R0030 go R0120 le haghaidh na 10 neamhchosaint is mó — in R0020 le haghaidh shuim na 10 neamhchosaint is mó — in R0130 le haghaidh na neamhchosaintí atá fágtha — in R0010 le haghaidh shuim na neamhchosaintí uile
C0040/R0010-R0130	Ranníocaíocht Riosca Creidmheasa	Ranníocaíocht le SCR creidmheasa, éagsúlú san áireamh, i.e. suim na n-iontrálacha sa cholún seo a thugann SCR riosca creidmheasa: — in R0030 go R0120 le haghaidh na 10 neamhchosaint is mó — in R0020 le haghaidh shuim na 10 neamhchosaint is mó — in R0130 le haghaidh na neamhchosaintaí atá fágtha — in R0010 le haghaidh shuim na neamhchosaintí uile
C0050/R0020-R0120	Meándóchúlacht Mainneachtana (in %)	Meándóchúlacht B1 mainneachtana in % — in R0030 go R0120 le haghaidh na 10 neamhchosaint is mó — in R0020 le haghaidh shuim na 10 neamhchosaint is mó

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
C0060/R0020-R0120	Meánchaillteanas i gcás Mainneachtana (in %)	Meánchaillteanas i gcás mainneachtana in % — in R0030 go R0120 le haghaidh na 10 neamhchosaint is mó — in R0020 le haghaidh shuim na 10 neamhchosaint is mó
C0070/R0010-R0130	Luach margaidh (% den tsuim iomlán)	Sciar den luach margaidh (in %) coibhneasta do shuim iomlán luachanna margaidh na neamhchosaintí ar riosca teagmhais creidmheasa — in R0030 go R0120 le haghaidh na 10 neamhchosaint is mó — in R0020 le haghaidh shuim na 10 neamhchosaint is mó — in R0130 le haghaidh na neamhchosaintí atá fágtha — in R0010 le haghaidh shuim na neamhchosaintí uile (ar cheart dó a bheith ar 100 %)
C0080/R0010-R0130	Ranníocaíocht Riosca Creidmheasa (% den tsuim iomlán)	Sciar den ranníocaíocht riosca creidmheasa (in %) coibhneasta don SCR riosca creidmheasa iomlán — in R0030 go R0120 le haghaidh na 10 neamhchosaint is mó — in R0020 le haghaidh shuim na 10 neamhchosaint is mó — in R0130 le haghaidh na neamhchosaintí atá fágtha — in R0010 le haghaidh shuim na neamhchosaintí uile (ar cheart dó a bheith ar 100 %)

Na 10 neamhchosaint is mó tionchar ar SCR (aonair)

C0090/R0160-R0250	Ainm na neamhchosanta	Ainmneacha na 10 neamhchosaint, de neamhchosaintí aonair, is mó tionchar ar SCR. Tá an tionchar ar SCR sa cholún "Ranníocaíocht Riosca Creidmheasa", ar cheart dó a bheith ina ranníocaíocht le SCR creidmheasa, i.e. éagsúlú san áireamh, chomh maith le suim na n-iontrálacha sa cholún a thugann SCR riosca creidmheasa.
C0020/R0140-R0260	Luach margaidh	Luach margaidh de réir na luachála a úsáidtear chun críocha sócmhainneachta: — in R0160 go R0250 le haghaidh na 10 neamhchosaint is mó — in R0150 le haghaidh shuim na 10 neamhchosaint is mó — in R0260 le haghaidh na neamhchosaintí atá fágtha — in R0140 le haghaidh shuim na neamhchosaintí uile
C0030/R0140-R0260	Neamhchosaint ar mhainneachtain	Méid na neamhchosanta ar mhainneachtain: — in R0160 go R0250 le haghaidh na 10 neamhchosaint is mó — in R0150 le haghaidh shuim na 10 neamhchosaint is mó — in R0260 le haghaidh na neamhchosaintí atá fágtha — in R0140 le haghaidh shuim na neamhchosaintí uile

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
C0040/R0140-R0260	Ranníocaíocht Riosca Creidmheasa	Ranníocaíocht le SCR creidmheasa, éagsúlú san áireamh, i.e. suim na n-iontrálacha sa cholún seo a thugann SCR riosca creidmheasa: — in R0160 go R0250 le haghaidh na 10 neamhchosaint is mó — in R0150 le haghaidh shuim na 10 neamhchosaint is mó — in R0260 le haghaidh na neamhchosaintí atá fágtha — in R0140 le haghaidh shuim na neamhchosaintí uile
C0050/R0150-R0250	Meándóchúlacht Mainneachtana (in %)	Meándóchúlacht B1 mainneachtana in % — in R0160 go R0250 le haghaidh na 10 neamhchosaint is mó — in R0150 le haghaidh shuim na 10 neamhchosaint is mó
C0060/R0150-R0250	Meánchaillteanas i gcás Mainneachtana (in %)	Meánchaillteanas i gcás mainneachtana in % — in R0160 go R0250 le haghaidh na 10 neamhchosaint is mó — in R0150 le haghaidh shuim na 10 neamhchosaint is mó
C0070/R0140-R0260	Luach margaidh (% den tsuim iomlán)	Sciar den luach margaidh (in %) coibhneasta do shuim iomlán luachanna margaidh na neamhchosaintí ar riosca teagmhais creidmheasa — in R0160 go R0250 le haghaidh na 10 neamhchosaint is mó — in R0150 le haghaidh shuim na 10 neamhchosaint is mó — in R0260 le haghaidh na neamhchosaintí atá fágtha — in R0140 le haghaidh shuim na neamhchosaintí uile (ar cheart dó a bheith ar 100 %)
C0080/R0140-R0260	Ranníocaíocht Riosca Creidmheasa (% den tsuim iomlán)	Sciar den ranníocaíocht riosca creidmheasa (in %) coibhneasta don SCR riosca creidmheasa iomlán — in R0160 go R0250 le haghaidh na 10 neamhchosaint is mó — in R0150 le haghaidh shuim na 10 neamhchosaint is mó — in R0260 le haghaidh na neamhchosaintí atá fágtha — in R0140 le haghaidh shuim na neamhchosaintí uile (ar cheart dó a bheith ar 100 %)

Na 10 neamhchosaint is mó i dtéarmaí a luacha margaidh (grúpa)

C0010/R0290-R0380	Ainm na Neamhchosanta Grúpa	Ainmneacha na 10 neamhchosaint, de ghrúpaí contrapháirtithe, is mó i dtéarmaí a luacha margaidh.

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
C0020/R0270-R0390	Luach margaidh	Luach margaidh de réir na luachála a úsáidtear chun críocha sócmhainneachta: — in R0290 go R0380 le haghaidh na 10 neamhchosaint is mó — in R0280 le haghaidh shuim na 10 neamhchosaint is mó — in R0390 le haghaidh na neamhchosaintí atá fágtha — in R0270 le haghaidh shuim na neamhchosaintí uile
C0030/R0270-R0390	Neamhchosaint ar mhainneachtain	Méid na Neamhchosanta ar mhainneachtain: — in R0290 go R0380 le haghaidh na 10 neamhchosaint is mó — in R0280 le haghaidh shuim na 10 neamhchosaint is mó — in R0390 le haghaidh na neamhchosaintí atá fágtha — in R0270 le haghaidh shuim na neamhchosaintí uile
C0040/R0270-R0390	Ranníocaíocht Riosca Creidmheasa	Ranníocaíocht le SCR creidmheasa, éagsúlú san áireamh, i.e. suim na n-iontrálacha sa cholún seo a thugann SCR riosca creidmheasa: — in R0290 go R0380 le haghaidh na 10 neamhchosaint is mó — in R0280 le haghaidh shuim na 10 neamhchosaint is mó — in R0390 le haghaidh na neamhchosaintí atá fágtha — in R0270 le haghaidh shuim na neamhchosaintí uile
C0050/R0280-R0380	Meándóchúlacht Mainneachtana (in %)	Meándóchúlacht B1 mainneachtana in % — in R0290 go R0380 le haghaidh na 10 neamhchosaint is mó — in R0280 le haghaidh shuim na 10 neamhchosaint is mó
C0060/R0280-R0380	Meánchaillteanas i gcás Mainneachtana (in %)	Meánchaillteanas i gcás mainneachtana in % — in R0290 go R0380 le haghaidh na 10 neamhchosaint is mó — in R0280 le haghaidh shuim na 10 neamhchosaint is mó
C0070/R0270-R0390	Luach margaidh (% den tsuim iomlán)	Sciar den luach margaidh (in %) coibhneasta do shuim iomlán luachanna margaidh na neamhchosaintí ar riosca teagmhais creidmheasa — in R0290 go R0380 le haghaidh na 10 neamhchosaint is mó — in R0280 le haghaidh shuim na 10 neamhchosaint is mó — in R0390 le haghaidh na neamhchosaintí atá fágtha — in R0270 le haghaidh shuim na neamhchosaintí uile (ar cheart dó a bheith ar 100 %)

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
C0080/R0270-R0390	Ranníocaíocht Riosca Creidmheasa (% den tsuim iomlán)	Sciar den ranníocaíocht riosca creidmheasa (in %) coibhneasta don SCR riosca creidmheasa iomlán — in R0290 go R0380 le haghaidh na 10 neamhchosaint is mó — in R0280 le haghaidh shuim na 10 neamhchosaint is mó — in R0390 le haghaidh na neamhchosaintí atá fágtha — in R0270 le haghaidh shuim na neamhchosaintí uile (ar cheart dó a bheith ar 100 %)

Na 10 neamhchosaint is mó i dtéarmaí a luacha margaidh (aonair)

C0090/R0420-R0510	Ainm na Neamhchosainta	Ainmneacha na 10 neamhchosaint, de neamhchosaintí aonair, is mó tionchar ar SCR. Tá an tionchar ar SCR sa cholún "Ranníocaíocht Riosca Creidmheasa", ar cheart dó a bheith ina ranníocaíocht le SCR creidmheasa, i.e. éagsúlú san áireamh, chomh maith le suim na n-iontrálacha sa cholún a thugann SCR riosca creidmheasa.
C0020/R0400-R0520	Luach margaidh	Luach margaidh in airgeadra tuairiscithe de réir na luachála a úsáidtear chun críocha sócmhainneachta — in R0420 go R0510 le haghaidh na 10 neamhchosaint is mó — in R0410 le haghaidh shuim na 10 neamhchosaint is mó — in R0520 le haghaidh na neamhchosaintí atá fágtha — in R0400 le haghaidh shuim na neamhchosaintí uile
C0030/R0400-R0520	Neamhchosaint ar mhainneachtain	Neamhchosaint ar mhainneachtain in airgeadra tuairiscithe de — in R0420 go R0510 le haghaidh na 10 neamhchosaint is mó — in R0410 le haghaidh shuim na 10 neamhchosaint is mó — in R0520 le haghaidh na neamhchosaintí atá fágtha — in R0400 le haghaidh shuim na neamhchosaintí uile
C0040/R0400-R0520	Ranníocaíocht Riosca Creidmheasa	Ranníocaíocht le riosca creidmheasa, éagsúlú san áireamh, i.e. suim na n-iontrálacha sa cholún seo a thugann SCR riosca creidmheasa: — in R0420 go R0510 le haghaidh na 10 neamhchosaint is mó — in R0410 le haghaidh shuim na 10 neamhchosaint is mó — in R0520 le haghaidh na neamhchosaintí atá fágtha — in R0400 le haghaidh shuim na neamhchosaintí uile

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
C0050/R0410-R0510	Meándóchúlacht Mainneachtana (in %)	Meándóchúlacht B1 mainneachtana in % — in R0420 go R0510 le haghaidh na 10 neamhchosaint is mó — in R0410 le haghaidh shuim na 10 neamhchosaint is mó
C0060/R0410-R0510	Meánchaillteanas i gcás Mainneachtana (in %)	Meánchaillteanas i gcás mainneachtana in % — in R0420 go R0510 le haghaidh na 10 neamhchosaint is mó — in R0410 le haghaidh shuim na 10 neamhchosaint is mó
C0070/R0400-R0520	Luach margaidh (% den tsuim iomlán)	Sciar den luach margaidh (in %) coibhneasta do shuim iomlán luachanna margaidh na neamhchosaintí ar riosca teagmhais creidmheasa — in R0420 go R0510 le haghaidh na 10 neamhchosaint is mó — in R0410 le haghaidh shuim na 10 neamhchosaint is mó — in R0520 le haghaidh na neamhchosaintí atá fágtha — in R0400 le haghaidh shuim na neamhchosaintí uile (ar cheart dó a bheith ar 100 %)
C0080/R0400-R0520	Ranníocaíocht Riosca Creidmheasa (% den tsuim iomlán)	Sciar den ranníocaíocht riosca creidmheasa (in %) coibhneasta don SCR riosca creidmheasa iomlán — in R0420 go R0510 le haghaidh na 10 neamhchosaint is mó — in R0410 le haghaidh shuim na 10 neamhchosaint is mó — in R0520 le haghaidh na neamhchosaintí atá fágtha — in R0400 le haghaidh shuim na neamhchosaintí uile (ar cheart dó a bheith ar 100 %)

Scartha de réir cineál sócmhainní

C0020/R0530-R0640	Luach margaidh	Luach margaidh de réir na luachála a úsáidtear chun críocha sócmhainneachta, scartha de réir cineál sócmhainní: — Bannaí agus iasachtaí — Bannaí faoi chumhdach — Bannaí ceannasacha — Morgáistí — Sócmhainn-bhunaithe — Eile — Airgead — Earraí infhaighte — Athárachas agus díorthaigh — Árachas creidmheasa — Urrús neamhbhunaithe agus eile — Iomlán

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
C0030/R0530-R0640	Neamhchosaint ar mhainneachtain	Neamhchosaint ar mhainneachtain scartha de réir cineáil sócmhainní: — Bannaí agus iasachtaí — Bannaí faoi chumhdach — Bannaí ceannasacha — Morgáistí — Sócmhainn-bhunaithe — Eile — Airgead — Earraí infhaighte — Athárachas agus díorthaigh — Árachas creidmheasa — Urrús neamhbhunaithe agus eile — Iomlán
C0040/R0530-R0640	Ranníocaíocht Riosca Creidmheasa	Ranníocaíocht le SCR creidmheasa (san airgeadra tuairiscithe), éagsúlú san áireamh, i.e. suim na n-iontrálacha sa cholún seo a thugann SCR riosca creidmheasa. Ranníocaíocht scartha de réir cineál sócmhainní: — Bannaí agus iasachtaí — Bannaí faoi chumhdach — Bannaí ceannasacha — Morgáistí — Sócmhainn-bhunaithe — Eile — Airgead — Earraí infhaighte — Athárachas agus díorthaigh — Árachas creidmheasa — Urrús neamhbhunaithe agus eile — Iomlán
C0050/R0530-R0630	Meándóchúlacht Mainneachtana (in %)	Meándóchúlacht B1 mainneachtana in % le haghaidh na sócmhainní de réir mar a shórtáiltear iad de réir an chineáil sócmhainní: — Bannaí agus iasachtaí — Bannaí faoi chumhdach — Bannaí ceannasacha

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
		— Morgáistí — Sócmhainn-bhunaithe — Eile — Airgead — Earraí infhaighte — Athárachas agus díorthaigh — Árachas creidmheasa — Urrús neamhbhunaithe agus eile
C0060/R0530-R0630	Meánchaillteanas i gcás Mainneachtana (in %)	Meánchaillteanas i gcás mainneachtana in % le haghaidh na sócmhainní de réir mar a shórtáiltear iad de réir an chineáil sócmhainní: — Bannaí agus iasachtaí — Bannaí faoi chumhdach — Bannaí ceannasacha — Morgáistí — Sócmhainn-bhunaithe — Eile — Airgead — Earraí infhaighte — Athárachas agus díorthaigh — Árachas creidmheasa — Urrús neamhbhunaithe agus eile
C0070/R0530-R0640	Luach margaidh (% den tsuim iomlán)	Sciar den luach margaidh (in %) coibhneasta do shuim iomlán luachanna margaidh na neamhchosaintí ar riosca teagmhais creidmheasa scartha de réir cineál sócmhainní — Bannaí agus iasachtaí — Bannaí faoi chumhdach — Bannaí ceannasacha — Morgáistí — Sócmhainn-bhunaithe — Eile — Airgead

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
		— Earraí infhaighte — Athárachas agus díorthaigh — Árachas creidmheasa — Urrús neamhbhunaithe agus eile — Iomlán
C0080/R0530-R0640	Ranníocaíocht Riosca Creidmheasa (% den tsuim iomlán)	Sciar den ranníocaíocht riosca creidmheasa (in %) coibhneasta don SCR riosca creidmheasa iomlán scartha de réir cineál sócmhainní — Bannaí agus iasachtaí — Bannaí faoi chumhdach — Bannaí ceannasacha — Morgáistí — Sócmhainn-bhunaithe — Eile — Airgead — Earraí infhaighte — Athárachas agus díorthaigh — Árachas creidmheasa — Urrús neamhbhunaithe agus eile — Iomlán

Scartha de réir céim cáilíochta creidmheasa (CQS)

C0020/R0650-R0730	Luach margaidh	Luach margaidh in airgeadra tuairiscithe de réir na luachála a úsáidtear chun críocha sócmhainneachta scartha de réir céim cáilíochta creidmheasa —
C0030/R0650-R0730	Neamhchosaint ar mhainneachtain	— Neamhchosaint ar mhainneachtain in airgeadra tuairiscithe scartha de réir céim cáilíochta creidmheasa.
C0040/R0650-R0730	Ranníocaíocht Riosca Creidmheasa	Ranníocaíocht le SCR creidmheasa (san airgeadra tuairiscithe), éagsúlú san áireamh, i.e. suim na n-iontrálacha sa cholún seo a thugann SCR riosca creidmheasa. —

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
C0050/R0650-R0720	Meándóchúlacht Mainneachtana (in %)	Meándóchúlacht B1 mainneachtana in % le haghaidh na sócmhainní de réir mar a shórtáiltear iad sna céimeanna cáilíochta creidmheasa.
C0060/R0650-R0720	Meánchaillteanas i gcás Mainneachtana (in %)	Meánchaillteanas i gcás mainneachtana in % le haghaidh na sócmhainní de réir mar a shórtáiltear iad sna céimeanna cáilíochta creidmheasa.
C0070/R0650-R0730	Luach margaidh (% den tsuim iomlán)	Sciar den luach margaidh (in %) coibhneasta do shuim iomlán luachanna margaidh na neamhchosaintí ar riosca teagmhais creidmheasa scartha de réir céim cáilíochta creidmheasa.
C0080/R0650-R0730	Ranníocaíocht Riosca Creidmheasa (% den tsuim iomlán)	Sciar den ranníocaíocht riosca creidmheasa (in %) coibhneasta do SCR riosca creidmheasa iomlán scartha de réir céim cáilíochta creidmheasa.
C0100/R0740	Riosca teagmhais creidmheasa ("imirce agus mainneachtain") - 99,5 %	Is é seo méid iomlán an mhuirir caipitil le haghaidh riosca teagmhais creidmheasa ("imirce agus mainneachtain") do chuaintíl 99,5 %.
C0100/R0750	Caillteanas ionchasach - meán	Is é seo méid iomlán mheán an dáilte dóchúlachta de chaillteanas ionchasach don riosca teagmhais creidmheasa ("imirce agus mainneachtain").

S.26.11 – Samhail inmheánach: Riosca creidmheasa – sonraí le haghaidh ionstraimí airgeadais

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh grúpaí.

Tuairisceofar an teimpléad seo bunaithe ar an infhaighteacht sonraí de réir ailtireacht inmheánach na samhla agus na próifíle riosca i gcás inar féidir le hiarracht réasúnach. Na sonraí a bheidh le tuairisciú, comhaontófar iad idir údaráis mhaoirseachta náisiúnta agus grúpaí.

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
Neamhchosaint ar mhainneachtain		
C0010-C0090/R0010	Neamhchosaint ar mhainneachtain Fhoriomlán	Neamhchosaint ar mhainneachtainle haghaidh Céimeanna Cáilíochta Creidmheasa éagsúla.
C0010-C0090/R0020-R0080	Miondealú ar an Neamhchosaint ar mhainneachtain	Méid na Neamhchosanta ar mhainneachtain le haghaidh cineálacha sócmhainní éagsúla agus Céimeanna Cáilíochta Creidmheasa éagsúla.
Dóchúlacht Mainneachtana – meán ualaithe i gcás inarb amhlaidh gurb é Neamhchosaint ar mhainneachtain an t-ualach		

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
R0100	Dóchúlacht Fhoriomlán Mainneachtana	Dóchúlacht Mainneachtana le haghaidh Céimeanna Cáilíochta Creidmheasa éagsúla.
C0010-C0090/R0110-R0170	Miondealú ar Dhóchúlacht Mainneachtana	Dóchúlacht Mainneachtana le haghaidh cineálacha sócmhainní éagsúla agus Céimeanna Cáilíochta Creidmheasa éagsúla.
C0100/R0180	Tuairisc eile	Achoimre ar ábhar na catagóire Eile dá dtagraítear i rónna R0080 agus R0170 ionas gur féidir ábharthacht a bhreithniú.

Ceanglais um Chaipiteal Sócmhainneachta

C0110/R0190	Riosca creidmheasa neamh-éagsúlaithe iomlán	Is é seo méid iomlán an mhuirir caipitil le haghaidh riosca creidmheasa roimh aon éifeacht éagsúlúcháin.
C0110/R0200	An tÉagsúlú: riosca creidmheasa	Is é seo an méid comhlán éifeachtaí éagsúlúcháin a cheadaítear i gcomhiomlánú ceanglas caipitil le haghaidh riosca creidmheasa. Ba cheart an méid sin a thuairisciú mar luach diúltach.
C0110/R0210	Riosca éagsúlaithe: riosca creidmheasa	Is é seo méid iomlán an mhuirir caipitil le haghaidh riosca creidmheasa.

S.26.12 – Samhail inmheánach: Riosca creidmheasa – le haghaidh ionstraimí neamh-airgeadais

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh grúpaí.

Tuairisceofar an teimpléad seo bunaithe ar an infhaighteacht sonraí de réir ailtireacht inmheánach na samhla agus na próifíle riosca i gcás inar féidir le hiarracht réasúnach. Na sonraí a bheidh le tuairisciú, comhaontófar iad idir údaráis mhaoirseachta náisiúnta agus grúpaí.

CÓD	ÍTIM	TREORACHA

Neamhchosaintí de Chineál 1 i dtéarmaí tionchar ar SCR

C0010/R0020-R0110	Ainm na neamhchosanta aonainm	Tabhair tuairisc ar ainm na 10 neamhchosaint aonair is mó.
C0020/R0020-R0110	Cód na neamhchosanta aonainm	Cód aitheantais ag úsáid an Aitheantóra Eintitis Dhlítheanaigh (LEI), má tá sé ar fáil. Níor cheart an mhír seo a thuairisciú mura bhfuil sé ar fáil

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
C0030/R0010	Suim na gCaillteanas uile i gcás Mainneachtana	Suim an Chaillteanais i gcás Mainneachtana i gcás na neamhchosaintí uile de Chineál 1.
C0030/R0020-R0110	Neamhchosaintí de Chineál 1 – Neamhchosaint aonainm X – Caillteanas i gCás Mainneachtana	Luach an Chaillteanais i gcás Mainneachtana le haghaidh gach ceann de na 10 neamhchosaint aonainm is mó.
C0030/R0120	Caillteanas comhiomlán i gcás Mainneachtana de Chineál 1 seachas na 10 neamhchosaint aonainm is mó	Caillteanas i gcás Mainneachtana le haghaidh na neamhchosaintí uile de Chineál 1 seachas na 10 neamhchosaint aonainm is mó.
C0040/R0010	Suim na Neamhchosaintí uile ar Mhainneachtain	Suim na Neamhchosanta ar mhainneachtain i gcás na neamhchosaintí uile de Chineál 1.
C0040/R0020-R0110	Neamhchosaintí de Chineál 1 – Neamhchosaint aonainm X – Neamhchosaint ar Mhainneachtain	Luach na Neamhchosanta ar Mhainneachtain le haghaidh gach ceann de na 10 neamhchosaint aonainm is mó.
C0040/R0120	Neamhchosaint chomhiomlán ar Mhainneachtain de Chineál 1 seachas na 10 neamhchosaint aonainm is mó	Luach na Neamhchosanta ar Mhainneachtain le haghaidh na neamhchosaintí uile de Chineál 1 seachas na 10 neamhchosaint aonainm is mó.
C0050/R0010	Meán ualaithe Dóchúlachta Mainneachtana le haghaidh neamhchosaintí de Chineál 1	Meán ualaithe Dóchúlachta Mainneachtana le haghaidh neamhchosaintí de Chineál 1 i gcás inarb amhlaidh gurb é Neamhchosaint ar Mhainneachtain an t-ualach.
C0050/R0020-R0110	Neamhchosaintí de Chineál 1 – Neamhchosaint aonainm X – Dóchúlacht Mainneachtana	Dóchúlacht Mainneachtana le haghaidh gach ceann de na 10 neamhchosaint aonainm is mó.

Neamhchosaintí de Chineál 2 i dtéarmaí tionchar ar SCR

C0030/R0130	Suim na gCaillteanas uile i gcás Mainneachtana	Suim an Chaillteanais i gcás Mainneachtana i gcás na neamhchosaintí uile de Chineál 2.

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
C0030/R0140-R0180	Neamhchosaintí de Chineál 2 – Caillteanas i gcás Mainneachtana	Caillteanas i gcás Mainneachtana le haghaidh na neamhchosaintí éagsúla. Maidir le R0160, cuir san áireamh an phríomh-neamhchosaint is airde eile seachas R0140–R0150. Maidir le R0170, cuir san áireamh an phríomh-neamhchosaint is airde eile seachas R0140–R0160. Maidir le R0180, cuir san áireamh an phríomh-neamhchosaint is airde eile seachas R0140–R0170.
C0030/R0190	Caillteanas comhiomlán i gcás Mainneachtana de Chineál 2 seachas R0140–R0180	Caillteanas i gcás Mainneachtana le haghaidh na neamhchosaintí uile de Chineál 2 seachas R0140–R0180.
C0040/R0130	Suim na Neamhchosaintí uile ar Mhainneachtain	Suim na neamhchosanta ar Mhainneachtain i gcás na neamhchosaintí uile de Chineál 2.
C0040/R0140-R0180	Neamhchosaintí de Chineál 2 – Neamhchosaint ar Mhainneachtain	Neamhchosaint ar Mhainneachtain le haghaidh na neamhchosaintí éagsúla: Maidir le R0160, cuir san áireamh an phríomh-neamhchosaint is airde eile seachas R0140–R0150. Maidir le R0170, cuir san áireamh an phríomh-neamhchosaint is airde eile seachas R0140–R0160. Maidir le R0180, cuir san áireamh an phríomh-neamhchosaint is airde eile seachas R0140–R0170.
C0040/R0190	Neamhchosaint chomhiomlán ar Mhainneachtain de Chineál 2 seachas R0140–R0180	Neamhchosaint ar Mhainneachtain le haghaidh na neamhchosaintí uile de Chineál 2 seachas R0140–R0180.
C0050/R0130	Meán ualaithe Dóchúlachta Mainneachtana le haghaidh neamhchosaintí de Chineál 2	Meán ualaithe Dóchúlachta Mainneachtana le haghaidh neamhchosaintí de Chineál 2 i gcás inarb amhlaidh gurb é neamhchosaint ar Mhainneachtain an t-ualach.
C0050/R0140-R0180	Neamhchosaintí de Chineál 2 – Dóchúlacht Mainneachtana	Dóchúlacht Mainneachtana le haghaidh gach ceann de R0140–R0180. Maidir le R0140 agus R0150, is é meán ualaithe na Dóchúlachta Mainneachtana i gcás inarb amhlaidh gurb é Neamhchosaint ar Mhainneachtain an t-ualach a bheidh ann.
C0060/R0140-R0180	Tuairisc ar an neamhchosaint	Tuairisc ghairid ar an neamhchosaint de Chineál 2. Maidir le R0160, cuir san áireamh an phríomh-neamhchosaint is airde eile seachas R0140–R0150. Maidir le R0170, cuir san áireamh an phríomh-neamhchosaint is airde eile seachas R0140–R0160. Maidir le R0180, cuir san áireamh an phríomh-neamhchosaint is airde eile seachas R0140–R0170.

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
Ceanglais um Chaipiteal Sócmhainneachta		
C0070/R0200	Riosca mainneachtana contrapháirtí neamh-éagsúlaithe iomlán	Is é seo méid iomlán an mhuirir caipitil le haghaidh riosca mainneachtana contrapháirtí roimh aon éifeacht éagsúlúcháin.
C0070/R0210	An tÉagsúlú: riosca mainneachtana contrapháirtí	Is é sin an méid comhlán éifeachtaí éagsúlúcháin a cheadaítear i gcomhiomlánú ceanglas caipitil le haghaidh riosca mainneachtana contrapháirtí i gcomhair neamhchosaintí de Chineál 1 agus Cineál 2. Ba cheart an méid sin a thuairisciú mar luach diúltach.
C0070/R0220	Riosca éagsúlaithe: riosca mainneachtana contrapháirtí	Is é seo méid iomlán an mhuirir caipitil le haghaidh riosca mainneachtana contrapháirtí.

S.26.13 – Samhail inmheánach: Riosca frithgheallta NSLT Neamhshaoil agus Sláinte

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh grúpaí.

Tuairisceofar an teimpléad seo bunaithe ar an infhaighteacht sonraí de réir ailtireacht inmheánach na samhla agus na próifíle riosca i gcás inar féidir le hiarracht réasúnach. Na sonraí a bheidh le tuairisciú, comhaontófar iad idir údaráis mhaoirseachta náisiúnta agus grúpaí.

Sa teimpléad seo, bailítear faisnéis maidir leis an riosca frithgheallta NSLT Neamhshaoil agus Sláinte sna gráinneachtaí riosca éagsúla a leanas, le hathárachas san áireamh agus glan ar athárachas ([1]):

— Riosca Préimhe agus Cúlchiste: Sonraí Riosca Préimhe agus Cúlchiste, riosca tubaiste san áireamh.

— Riosca Tubaiste (Cat): Sonraí Riosca Tubaiste.

— Riosca Préimhe agus Cúlchiste (seachas riosca tubaiste sainráite): Sonraí Riosca Préimhe agus Cúlchiste, seachas riosca tubaiste sainráite.

— Riosca Préimhe: Ba cheart dáileadh an riosca préimhe a dhéanamh amhail is gur léiriú é meán na préimhe sin ar bhrabús nó ar chaillteanas a bhfuil coinne leis, lena n-áirítear athrú na bhForálacha Préimhe le linn na bliana i gceist. Níor cheart do riosca tubaiste a bheith sna torthaí.

— Riosca Cúlchiste: Ba cheart dáileadh an Riosca Cúlchiste a dhéanamh amhail is go bhfuil a mheán gar do nialas, toisc nach bhfuil aon bhrabús ionchasach ann i Meastachán is Fearr. Níor cheart do riosca tubaiste a bheith sna torthaí.

— Laistigh den Riosca Préimhe agus Cúlchiste, iarrtar an dá dheighilt a leanas:

  — o Réimeanna Gnó Shócmhainneacht 2 (S2LoB): Mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn II den Rialachán Tarmligthe, bunaithe ar réimeanna gnó (LoBanna) a shainmhínítear in Iarscríbhinn I.

  — o Réimeanna Gnó Samhla Inmheánaí (IntLoB): Tuigtear gurb é an leibhéal is gráinní d'aschuir dhíreacha na samhla inmheánaí a mbíonn feidhm dáilte dóchúlachta na gcaillteanas agus SCR ar fáil. Tá coinne leis go n-úsáidfeadh an gnóthas IntLoBanna le haghaidh tuairisciú inmheánach chomh maith le bainistíocht staideanna an chuntais caipitil. Bíonn IntLoBanna gar don leibhéal paraiméadrúcháin de ghnáth. Ba cheart a sholáthar leo tuiscint maidir le hiompraíocht shonrach na samhla inmheánaí.

([1]) Comhárachas ar ghnó árachais dhírigh: Maidir le gnóthais cheannasacha árachais, tuigtear go dtuairiscítear an cion iomlán den ghnó mar ollghnó árachais dhírigh, lena meastar go gcaitear leis an gcion a roinntear le hárachóirí neamhcheannasacha mar athárachas amach,

I gcás athárachas ar ghnó árachais dhírigh, maidir le gnóthais cheannasacha árachais, tuigtear go dtuairiscítear an cion iomlán den ghnó mar ollghnó árachais dhírigh, lena meastar go gcaitear leis an gcion a roinntear le hárachóirí neamhcheannasacha mar athárachas amach.

Ar an iomlán, tá feidhm ag na nithe a leanas:

— Lascainítear méideanna airgeadaíochta an teimpléid seo.

— Léirítear le peircintílí torthaí diúltacha don ghnóthas toisc gur dáileadh caillteanais é an dáileadh foluiteach (i.e. úsáidtear 99,5 don ríomh SCR).

— Go ginearálta, tá coinne leis go mbeadh na figiúirí a iarrtar ar fáil ar an dá ghráinneacht (LoBanna inmheánacha nó Shócmhainneacht 2) agus tá coinne leis go dtuairisceofaí an 2 ghráinneacht go chomhsheasmhach a mhéid is féidir (comhaireamh suas na meán, etc.).

— Maidir leis an bhfocal éagsúlaithe sa teimpléad seo, úsáidtear é chun idirdhealú a dhéanamh idir na leibhéil éagsúla gráinneachta (e.g. is é an riosca cúlchiste éagsúla an riosca cúlchiste comhiomlán foriomlán i gcomparáid le suim S2LoBanna neamh-éagsúlaithe).

Toisc gurb ann do bhealaí éagsúla leis na rioscaí seo a shamhaltú, ní iarrtar ar ghnóthais a shamhail inmheánach a athrú ionas go mbeidh sé in ann struchtúr na gcód a leanúint. Mar sin de, má shamhaltaíonn gnóthais an riosca tubaiste i dteannta leis an riosca préimheanna agus/nó cúlchistí, níor cheart dóibh an roinn "Dáileadh caillteanas de bharr priacail tubaiste" a líonadh. Ina theannta sin, má fhaigheann gnóthais dáileadh sonrach de rioscaí préimhe agus cúlchiste le haghaidh riosca frithgheallta NSLT Sláinte agus ceann ar leithligh le haghaidh riosca frithgheallta neamhshaoil gan an dá cheann acu a chomhshuimiú, cuirfear an fhaisnéis san áireamh sna ranna "NSLT Sláinte foriomlán, comhlán ar athárachas" – "NSLT Sláinte foriomlán, glan ar athárachas" agus sna ranna "Neamhshaol foriomlán, comhlán ar athárachas" – "Neamhshaol foriomlán, glan ar athárachas" faoi seach. Seachas sin, níor cheart na ranna "Neamhshaol foriomlán, comhlán ar athárachas" – "Neamhshaol foriomlán, glan ar athárachas" a thuairisciú.

Is é an Dóchúlacht Sáruithe Tarlaithe (OEP) an dóchúlacht go sárófaí le haon teagmhas i mbliain faoi leith an leibhéal caillteanais comhlachaithe. Úsáidtear é nuair a scríobhtar clár árachais ar bhonn tarluithe, nó nuair a bhíonn an caillteanas a bhaineann le teagmhas amháin tábhachtach.

Is é an Dóchúlacht Sáruithe Chomhiomlán (AEP) an dóchúlacht go sárófaí leis na caillteanais chomhiomlána i mbliain faoi leith an leibhéal caillteanais comhlachaithe agus úsáidtear é nuair a scríobhtar an clár árachais ar bhonn comhiomlán.

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
Sonraí samhaltúcháin riosca		
C0010/R0010	An bhfuil tomhas an riosca SCR le haghaidh Riosca préimhe láraithe?	Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: Tá – tomhaistear SCR mar athrú ar an toradh lena bhfuil coinne (Riosca láraithe). Tabhair tuairisc i gcód C0010/R0020. Níl – tomhaistear SCR mar athrú ó nialas (Riosca neamhláraithe). Tabhair tuairisc i gcód C0010/R0020. Eile – Tabhair tuairisc i gcód C0010/R0020.

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
C0010/R0020	Tuairisc ghairid ar thomhas an riosca SCR a úsáidtear le haghaidh Riosca préimhe	Tabhair tuairisc ar an mbealach a bhfaightear tomhas riosca SCR na samhla inmheánaí le haghaidh Riosca préimhe (e.g. ón dáileadh "eacnamaíoch" Brabúis agus Caillteanais). Úsáid mar phointe tagartha an mhéadracht a shainítear le haghaidh SCR in Airteagal 101 de Threoir Shócmhainneacht II agus féach na gnéithe uile a d'fhéadfadh do chur chuige a bheith éagsúil (e.g. athruithe ó VaR 1/200, ionchas ama riosca de bhliain amháin, riosca mar athrú ar an toradh lena bhfuil coinne, etc.). Má chomhlíonann tomhas riosca na Samhla Inmheánaí an tomhas riosca mar a shainmhínítear in Airteagal 101 de Threoir Shócmhainneacht II, deimhnigh sin trí "Tomhas riosca na Samhla Inmheánaí mar a shainmhínítear in Airteagal 101 de Threoir Shócmhainneacht II" a chur isteach.
C0010/R0030	An bhfuil tomhas an riosca SCR le haghaidh Riosca cúlchiste láraithe?	Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: Tá – áirítear le Caipiteal Riosca athrú ar an toradh lena bhfuil coinne (riosca láraithe). Tabhair tuairisc i gcód C0010/R0040. Níl – áirítear le Caipiteal Riosca athrú ó nialas (Riosca neamhláraithe). Tabhair tuairisc i gcód C0010/R0040. Eile – Tabhair tuairisc i gcód C0010/R0040.
C0010/R0040	Tuairisc ghairid ar thomhas an riosca SCR a úsáidtear le haghaidh Riosca cúlchiste	Tabhair tuairisc ar an mbealach a bhfaightear tomhas riosca SCR na Samhla Inmheánaí le haghaidh Riosca cúlchiste (e.g. ón dáileadh eacnamaíoch Brabúis agus Caillteanais). Úsáid mar phointe tagartha an mhéadracht chaighdeánach a úsáidtear le haghaidh SCR faoi Threoir Shócmhainneacht II, Roinn 4, Foroinn 1 agus 2 (dírigh ar Airteagail 101, 104, 105 agus 108) faoi Shócmhainneacht II agus féach na gnéithe uile a d'fhéadfadh do chur chuige a bheith éagsúil (e.g. athruithe ó VaR 1/200, ionchas ama riosca de bhliain amháin, riosca mar athrú ar an toradh lena bhfuil coinne, gnóthas leantach etc.). Má chomhlíonann tomhas riosca na Samhla Inmheánaí na toimhdí uile i Roinn 4, Foroinn 2, deimhnigh sin trí "Tomhas riosca na Samhla Inmheánaí i gcomhréir le sainmhíniú thomhas riosca na Foirmle Caighdeánaí" a chur isteach
C0010/R0050	An bhfuil tomhas an riosca SCR le haghaidh Riosca tubaiste láraithe?	Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: Tá – áirítear le Caipiteal Riosca athrú ar an toradh lena bhfuil coinne (riosca láraithe). Tabhair tuairisc i gcód C0010/R0060. Níl – áirítear le Caipiteal Riosca athrú ó nialas (Riosca neamhláraithe). Tabhair tuairisc i gcód C0010/R0060. Eile – Tabhair tuairisc i gcód C0010/R0060.

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
C0010/R0060	Tuairisc ghairid ar thomhas an riosca SCR a úsáidtear le haghaidh Riosca tubaiste	Tabhair tuairisc ar an mbealach a bhfaightear tomhas riosca SCR na samhla inmheánaí le haghaidh Riosca tubaiste. (e.g. ón dáileadh eacnamaíoch Brabúis agus Caillteanais). Úsáid mar phointe tagartha an mhéadracht chaighdeánach a úsáidtear le haghaidh SCR faoi Threoir Shócmhainneacht II, Roinn 4, Foroinn 1 agus 2 (dírigh ar Airteagail 101, 104, 105 agus 108) faoi Shócmhainneacht II agus féach na gnéithe uile a d'fhéadfadh do chur chuige a bheith éagsúil (e.g. athruithe ó VaR 1/200, ionchas ama riosca de bhliain amháin, riosca mar athrú ar an toradh lena bhfuil coinne, gnóthas leantach etc.). Má chomhlíonann tomhas riosca na Samhla Inmheánaí na toimhdí uile i Roinn 4, Foroinn 2, deimhnigh sin trí "Tomhas riosca na Samhla Inmheánaí i gcomhréir le sainmhíniú thomhas riosca na Foirmle Caighdeánaí" a chur isteach

Mapáil inmheánach LoB

C0020	Réim ghnó inmheánach	Ainm na réime gnó inmheánaí a úsáidtear sa tsamhail inmheánach. Beidh sé comhsheasmhach ar fud an teimpléid.
C0030	Réim ghnó Shócmhainneacht II	Sainaithint na réime gnó Neamhshaoil mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, arna tuairisciú. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 – Árachas maidir le caiteachas leighis 2 – Árachas cosanta ioncaim 3 – Árachas gortuithe tionsclaíocha 4 – Árachas dliteanais mótarfheithicle 5 – Árachas mótair eile 6 – Árachas muirí, eitlíochta agus iompair 7 – Árachas dóiteáin agus árachas le haghaidh damáiste eile do mhaoin 8 – Árachas dliteanais ghinearálta 9 – Árachas creidmheasa agus urraíochta 10 – Árachas maidir le costais dlí 11 – Cúnamh 12 – Caillteanas airgeadais ilghnéitheach 13 – Athárachas comhréireach costas dlí 14 – Athárachas comhréireach cosanta ioncaim 15 – Athárachas comhréireach um ghortuithe tionsclaíocha 16 – Athárachas comhréireach um dhliteanas mótarfheithiclí

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
		17 – Athárachas mótair comhréireach eile 18 – Athárachas comhréireach muirí, eitlíochta agus iompair 19 – Athárachas comhréireach dóiteáin agus le haghaidh damáiste eile do mhaoin 20 – Athárachas comhréireach dliteanais ghinearálta 21 – Athárachas comhréireach creidmheasa agus urraíochta 22 – Athárachas comhréireach costas dlí 23 – Athárachas comhréireach cúnaimh 24 – Athárachas comhréireach ilghnéitheach caillteanais airgeadais 25 – Athárachas sláinte neamhréireach 26 – Athárachas taisme neamhréireach 27 – Athárachas comhréireach muirí, eitlíochta agus iompair 28 – Athárachas neamhréireach maoine Tá coinne leis go dtabharfaidh na gnóthais árachais agus athárachais le fios cé acu LoB Shócmhainneacht II ina gcuimsítear gach LoB inmheánach. Má bhíonn LoB Inmheánach amháin mapáilte le dhá LoB Shócmhainneacht II nó níos mó, tuairiscítear le C0040 an cion comhfhreagrach (mar luach idir 0 agus 1) den LoB inmheánach do gach LoB Shócmhainneacht II mapáilte. Beidh na luachanna seo cothrom le 1 do gach LoB inmheánach atá mapáilte le dhá LoB Shócmhainneacht II nó níos mó. Má bhíonn mapáil ceann le ceann ann, 1 a bheidh in C0040.
C0040	Táscaire riosca préimhe	Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: — Sannta do riosca préimhe — Neamhshannta do riosca préimhe
C0050	Táscaire riosca cúlchiste	Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: — Sannta do riosca cúlchiste — Neamhshannta do riosca cúlchiste
C0060	Cion den Réim Ghnó Inmheánach a shanntar do Réim Ghnó SII	Cion den réim ghnó inmheánach a shanntar do réim ghnó SII mar uimhir dheachúlach e.g. úsáid 0,1 más 10 % atá ann.

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
Sonraí samhaltúcháin ollriosca cúlchiste		
Z0010	Réim Ghnó SII	Sainaithint na réime gnó Neamhshaoil mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, arna tuairisciú. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 – Árachas maidir le caiteachas leighis 2 – Árachas cosanta ioncaim 3 – Árachas gortuithe tionsclaíocha 4 – Árachas dliteanais mótarfheithicle 5 – Árachas mótair eile 6 – Árachas muirí, eitlíochta agus iompair 7 – Árachas dóiteáin agus árachas le haghaidh damáiste eile do mhaoin 8 – Árachas dliteanais ghinearálta 9 – Árachas creidmheasa agus urraíochta 10 – Árachas maidir le costais dlí 11 – Cúnamh 12 – Caillteanas airgeadais ilghnéitheach 13 – Athárachas comhréireach costas dlí 14 – Athárachas comhréireach cosanta ioncaim 15 – Athárachas comhréireach um ghortuithe tionsclaíocha 16 – Athárachas comhréireach um dhliteanas mótarfheithiclí 17 – Athárachas mótair comhréireach eile 18 – Athárachas comhréireach muirí, eitlíochta agus iompair 19 – Athárachas comhréireach dóiteáin agus le haghaidh damáiste eile do mhaoin 20 – Athárachas comhréireach dliteanais ghinearálta 21 – Athárachas comhréireach creidmheasa agus urraíochta 22 – Athárachas comhréireach costas dlí 23 – Athárachas comhréireach cúnaimh 24 – Athárachas comhréireach ilghnéitheach caillteanais airgeadais 25 – Athárachas sláinte neamhréireach 26 – Athárachas taisme neamhréireach 27 – Athárachas comhréireach muirí, eitlíochta agus iompair 28 – Athárachas neamhréireach maoine
Z0020	Cineál riosca	Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – Riosca cúlchiste NSLT Neamhshaoil agus Sláinte comhiomlánaithe i gcomhpháirt leis an riosca tubaiste intuigthe 2 – Riosca cúlchiste NSLT Neamhshaoil agus Sláinte, comhiomlánaithe i gcomhpháirt 3 – Riosca cúlchiste frithgheallta Neamhshaoil leis an riosca tubaiste intuigthe 4 – Riosca cúlchiste frithgheallta Neamhshaoil

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
C0070	Riosca cúlchiste éagsúlaithe seachas an Riosca Tubaiste intuigthe	Riosca cúlchiste comhiomlán comhlán/glan ar athárachas tar éis éifeachtaí éagsúlúcháin i measc rioscaí éagsúla a chur san áireamh. Áireofar ann riosca tubaiste má shamhaltaítear é i gcomhpháirt leis an riosca cúlchiste, seachas sin tuairisceofar riosca tubaiste ag úsáid réimsí ar leithligh mar a thuairiscítear sa roinn "Dáileadh caillteanas de bharr priacail tubaiste" den chomhad LOG seo.
C0080	Réim Ghnó SII	Riosca cúlchiste comhlán/glan ar athárachas le haghaidh LoB Shócmhainneacht II uile. Áireofar ann riosca tubaiste má shamhaltaítear é i gcomhpháirt leis an riosca cúlchiste, seachas sin tuairisceofar riosca tubaiste ag úsáid réimsí ar leithligh mar a thuairiscítear sa roinn "Dáileadh caillteanas de bharr priacail tubaiste" den chomhad LOG seo.
C0090	Réim Ghnó Inmheánach	Riosca cúlchiste comhlán/glan ar athárachas le haghaidh gach LoB Inmheánaigh. Áireofar ann riosca tubaiste má shamhaltaítear é i gcomhpháirt leis an riosca cúlchiste, seachas sin tuairisceofar riosca tubaiste ag úsáid réimsí ar leithligh mar a thuairiscítear sa roinn "Dáileadh caillteanas de bharr priacail tubaiste" den chomhad LOG seo.
R0070	Foráil le haghaidh éileamh gan íoc - lascainithe	An meastachán is fearr ar éilimh (comhlán ar athárachas) nach socraítear fós. Áirítear ann gach éileamh nach bhfuil socraithe fós, idir na cinn thuairiscithe agus neamhthuairiscithe. Bunaithe ar Airteagal 77 de Threoir Shócmhainneacht II, comhfhreagraíonn an meastachán is fearr do mheán, atá ualaithe de réir dóchúlachta, sreafaí airgid sa todhchaí, amluach airgid san áireamh (luach láithreach ionchasach sreafaí airgid sa todhchaí), ag úsáid struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca.
R0080	Foráil Phréimhe - lascainithe (má leithdháiltear an fhoráil phréimhe ar an riosca cúlchiste agus sa chás sin amháin)	Suim lascainithe sreafaí airgid todhchaí lena gcuimsítear na forálacha préimhe, comhlán ar na méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais, meán athárachais shainchuspóirigh agus athárachas finideach maidir le gnó árachais dhírigh agus gnó arna ghlacadh. Ba cheart an chill seo a líonadh isteach má bhíonn an fhoráil phréimhe leithdháilte ar riosca cúlchiste tráth an dáta tagartha tuairiscithe.
R0090	An Ceanglas um Chaipiteal Sócmhainneachta	Is é seo an méid cistí a theastaíonn ó ghrúpaí árachais agus athárachais chun a rioscaí a chumhdach. Éilítear é chun an ceanglas um chaipiteal sócmhainneachta a shainaithint le haghaidh gach réime gnó inmheánaí, LoB SII agus leibhéil chomhiomláin bunaithe ar mhéid atá comhlán ar shonraí athárachais. Léirítear leis an gcill seo riosca neamhspleách na gráinneachta faoi seach le tomhas riosca formheasta na Samhla Inmheánaí.
R0100	Meán (aschur) ionsamhlaithe	Sin é meán na réámhaisnéise maidir le dáileadh brabúis agus caillteanais de réir leagan amach na samhla formheasta, i.e. faoi mar is ábhartha i gcás ríomh an SCR oifigiúil. Is é atá ann an t-aschur a fhaightear bunaithe ar an bpróiseas ionsamhlúcháin (comhlán ar athárachas agus ar bhonn neamhlascainithe)

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
R0110	Diall caighdeánach (aschur) ionsamhlaithe	Is é seo diall caighdeánach dháileadh dóchúlachta na n-eis-sreafaí airgid (cóimheas comhcheangailte) a bhaineann le teagmhais ar bhonn ionchas ama de bhliain amháin mar shampla tráth an dáta tagartha tuairiscithe. Is é atá ann an t-aschur a fhaightear bunaithe ar an bpróiseas ionsamhlúcháin (comhlán ar athárachas agus ar bhonn lascainithe).
R0120-R0330	Peircintílí ó 0,001 go 0,999	Ní mór don ghnóthas a thabhairt le fios méideanna na bpeircintílí a éilítear sa tábla maidir le dáileadh dóchúlachta na n-eis-sreafaí airgid a bhaineann le teagmhais ar bhonn ionchas ama de bhliain amháin mar shampla tráth an dáta tagartha tuairiscithe a fhaightear bunaithe ar an bpróiseas ionsamhlúcháin (comhlán ar athárachas agus ar bhonn lascainithe). Má bhíonn an tomhas riosca i gcomhréir leis an sainmhíniú ar thomhas riosca in Airteagal 101 de Threoir Shócmhainneacht II, beidh difear an mheáin (aschur) ionsamhlaithe idir peircintíl 99,5 agus SCR.

Sonraí samhaltúcháin glan-riosca cúlchiste

R0340	Foráil le haghaidh éileamh gan íoc - lascainithe	An meastachán is fearr ar éilimh (glan ar mhéideanna in-aisghabhála ón athárachas) nach socraítear fós. Áirítear ann gach éileamh nach bhfuil socraithe fós, idir na cinn thuairiscithe agus neamhthuairiscithe. Bunaithe ar Airteagal 77 de Threoir Shócmhainneacht II, comhfhreagraíonn an meastachán is fearr do mheán, atá ualaithe de réir dóchúlachta, sreafaí airgid sa todhchaí, amluach airgid san áireamh (luach láithreach ionchasach sreafaí airgid sa todhchaí), ag úsáid struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca.
R0350	Foráil Phréimhe - lascainithe (má leithdháiltear an fhoráil phréimhe ar an riosca cúlchiste agus sa chás sin amháin)	Suim lascainithe sreafaí airgid todhchaí lena gcuimsítear na forálacha préimhe, glan ar mhéideanna in-aisghabhála ón athárachas. Ba cheart an chill seo a líonadh isteach má bhíonn an fhoráil phréimhe leithdháilte ar riosca cúlchiste tráth an dáta tagartha tuairiscithe.
R0360	An Ceanglas um Chaipiteal Sócmhainneachta	Is é seo an méid cistí a theastaíonn ó ghrúpaí árachais agus athárachais chun a rioscaí a chumhdach. Éilítear é chun an ceanglas um chaipiteal sócmhainneachta a shainaithint le haghaidh gach réime gnó inmheánaí, LoB SII agus leibhéil chomhiomláin bunaithe ar mhéid atá glan ar shonraí athárachais.
R0370	Meán (aschur) ionsamhlaithe	Is é seo meán an dáilte dóchúlachta. Is é atá ann an t-aschur a fhaightear bunaithe ar an bpróiseas ionsamhlúcháin (glan ar athárachas agus ar bhonn lascainithe).
R0380	Diall caighdeánach (aschur) ionsamhlaithe	Is é seo diall caighdeánach an dáilte dóchúlachta. Is é atá ann an t-aschur a fhaightear bunaithe ar an bpróiseas ionsamhlúcháin (glan ar athárachas agus ar bhonn lascainithe).
R0390-R0600	Peircintílí ó 0,001 go 0,999	Ní mór don ghnóthas a thabhairt le fios méideanna na bpeircintílí a éilítear sa tábla maidir le dáileadh dóchúlachta a fhaightear bunaithe ar an bpróiseas ionsamhlúcháin (glan ar athárachas agus ar bhonn lascainithe).

Sonraí samhaltúcháin riosca préimhe comhláine

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
Z0020	Cineál riosca	Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – Riosca préimhe NSLT Neamhshaoil agus Sláinte comhiomlánaithe i gcomhpháirt leis an riosca tubaiste intuigthe 2 – Riosca préimhe NSLT Neamhshaoil agus Sláinte comhiomlánaithe i gcomhpháirt 3 – Riosca préimhe frithgheallta Neamhshaoil leis an riosca tubaiste intuigthe 4 – Riosca préimhe frithgheallta Neamhshaoil
C0100	Riosca préimhe éagsúlaithe seachas an Riosca Tubaiste intuigthe	Riosca préimhe comhiomlán comhlán/glan ar athárachas tar éis éifeachtaí éagsúlúcháin i measc rioscaí éagsúla a chur san áireamh. Áireofar ann riosca tubaiste má shamhaltaítear é i gcomhpháirt leis an riosca préimhe, seachas sin tuairisceofar riosca tubaiste ag úsáid cóid ar leithligh mar a thuairiscítear sa roinn "DÁILEADH CAILLTEANAS DE BHARR PRIACAIL TUBAISTE" den chomhad LOG seo.
C0110	Réim Ghnó SII	Riosca préimhe comhlán/glan ar athárachas le haghaidh LoB Shócmhainneacht II uile. Áireofar ann riosca tubaiste má shamhaltaítear é i gcomhpháirt leis an riosca préimhe, seachas sin tuairisceofar riosca tubaiste ag úsáid cóid ar leithligh mar a thuairiscítear sa roinn "DÁILEADH CAILLTEANAS DE BHARR PRIACAIL TUBAISTE" den chomhad LOG seo.
C0120	Réim Ghnó Inmheánach	Riosca préimhe comhlán/glan ar athárachas le haghaidh gach LoB Inmheánaigh. Áireofar ann riosca tubaiste má shamhaltaítear é i gcomhpháirt leis an riosca préimhe, seachas sin tuairisceofar riosca tubaiste ag úsáid cóid ar leithligh mar a thuairiscítear sa roinn "DÁILEADH CAILLTEANAS DE BHARR PRIACAIL TUBAISTE" den chomhad LOG seo.
R0610	Préimh Chomhlán Scríofa	Cuimseoidh préimheanna comhlána scríofa gach méid atá dlite le linn na bliana airgeadais i leith conarthaí árachais, a eascraíonn as gnó díreach, ainneoin go bhféadfadh baint a bheith ag na méideanna sin go hiomlán nó i bpáirt le bliain airgeadais níos deireanaí.
R0620	Préimh Thuillte Chomhlán	Is é atá ann suim na bpréimheanna comhlána scríofa lúide an t-athrú sa soláthar comhlán le haghaidh préimheanna neamhthuillte a bhaineann le gnó árachais dhírigh.
R0630	Préimh chomhlán scríofa beartaithe sa 12 mhí tar éis an dáta tagartha tuairiscithe	Préimh chomhlán a bhfuil sé beartaithe é a scríobh laistigh den 12 mhí tar éis an dáta tagartha tuairiscithe trí chomhaontuithe ceangailteacha arna síniú roimh an dáta tagartha nó ina dhiaidh.
R0640	Préimh chomhlán scríofa neamhthuillte tráth an Dáta Tagartha (má leithdháiltear an fhoráil phréimhe ar an riosca préimhe agus sa chás sin amháin)	Préimh scríofa neamhthuillte comhlán ar athárachas. Ba cheart an chill seo a líonadh isteach má bhíonn an fhoráil phréimhe leithdháilte ar riosca préimhe tráth an dáta tagartha tuairiscithe.

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
R0650	Foráil Phréimhe - lascainithe (má leithdháiltear an fhoráil phréimhe ar an riosca préimhe agus sa chás sin amháin)	Suim lascainithe sreafaí airgid todhchaí lena gcuimsítear na forálacha préimhe, comhlán ar na méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais, meán athárachais shainchuspóirigh agus athárachas finideach maidir le gnó árachais dhírigh agus gnó arna ghlacadh. Ba cheart an chill seo a líonadh isteach má bhíonn an fhoráil phréimhe leithdháilte ar riosca préimhe tráth an dáta tagartha tuairiscithe.
R0660	An Ceanglas um Chaipiteal Sócmhainneachta	Is é seo an méid cistí a theastaíonn ó ghrúpaí árachais agus athárachais chun a rioscaí a chumhdach. Éilítear é chun an ceanglas um chaipiteal sócmhainneachta a shainaithint le haghaidh gach réime gnó inmheánaí, LoBanna SII agus leibhéil chomhiomláin bunaithe ar mhéid atá comhlán ar shonraí athárachais.
R0670	Meán (aschur) ionsamhlaithe	Is é seo meán chóimheas caillteanais an dáilte dóchúlachta. Is é atá ann an t-aschur a fhaightear bunaithe ar an bpróiseas ionsamhlúcháin (comhlán ar athárachas agus ar bhonn lascainithe).
R0680	Diall caighdeánach (aschur) ionsamhlaithe	Is é seo diall caighdeánach an dáilte dóchúlachta. Is é atá ann an t-aschur a fhaightear bunaithe ar an bpróiseas ionsamhlúcháin (comhlán ar athárachas agus ar bhonn lascainithe).
R0690-R0900	Peircintílí ó 0,001 go 0,999	Ní mór don ghnóthas a thabhairt le fios méideanna na bpeircintílí a éilítear sa tábla maidir le dáileadh dóchúlachta a fhaightear bunaithe ar an bpróiseas ionsamhlúcháin (comhlán ar athárachas agus ar bhonn lascainithe).

Sonraí samhaltúcháin glanriosca préimhe

R0910	Glanphréimh Scríofa	Cuimseoidh glanphréimheanna scríofa gach méid atá dlite le linn na bliana airgeadais i leith conarthaí árachais, a eascraíonn as gnó díreach, ainneoin go bhféadfadh baint a bheith ag na méideanna sin go hiomlán nó i bpáirt le bliain airgeadais níos deireanaí.
R0920	Glanphréimh Thuillte	Is é atá ann suim na nglanphréimheanna scríofa lúide an t-athrú sa ghlansoláthar le haghaidh préimheanna neamhthuillte a bhaineann le gnó árachais dhírigh.
R0930	Glanphréimh scríofa beartaithe sa 12 mhí tar éis an dáta tagartha	Glanphréimh a bhfuil sé beartaithe é a scríobh laistigh den 12 mhí tar éis an dáta tagartha tuairiscithe trí chomhaontuithe ceangailteacha arna síniú roimh an dáta tagartha nó ina dhiaidh.
R0940	Glanphréimh scríofa neamhthuillte tráth an Dáta Tagartha (má leithdháiltear an fhoráil phréimhe ar an riosca préimhe agus sa chás sin amháin)	Préimh scríofa neamhthuillte glan ar athárachas. Ba cheart an chill seo a líonadh isteach má bhíonn an fhoráil phréimhe leithdháilte ar riosca préimhe tráth an dáta tagartha tuairiscithe.

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
R0950	Foráil Phréimhe - lascainithe (má leithdháiltear an fhoráil phréimhe ar an riosca préimhe agus sa chás sin amháin)	Suim lascainithe sreafaí airgid todhchaí lena gcuimsítear na forálacha préimhe, glan ar mhéideanna in-aisghabhála ón athárachas. Ba cheart an chill seo a líonadh isteach má bhíonn an fhoráil phréimhe leithdháilte ar riosca préimhe tráth an dáta tagartha tuairiscithe.
R0960	An Ceanglas um Chaipiteal Sócmhainneachta	Is é seo an méid cistí a theastaíonn ó ghrúpaí árachais agus athárachais chun a rioscaí a chumhdach. Éilítear é chun an ceanglas um chaipiteal sócmhainneachta a shainaithint le haghaidh gach réime gnó inmheánaí, LoBanna SII agus leibhéil chomhiomláin bunaithe ar mhéid atá glan ar shonraí athárachais.
R0970	Meán (aschur) ionsamhlaithe	Is é seo meán an dáilte dóchúlachta. Is é atá ann an t-aschur a fhaightear bunaithe ar an bpróiseas ionsamhlúcháin (glan ar athárachas agus ar bhonn lascainithe).
R0980	Diall caighdeánach ionsamhlaithe	Is é seo diall caighdeánach an dáilte dóchúlachta. Is é atá ann an t-aschur a fhaightear bunaithe ar an bpróiseas ionsamhlúcháin (glan ar athárachas agus ar bhonn lascainithe).
R0990-R1200	Peircintílí ó 0,001 go 0,999	Ní mór don ghnóthas a thabhairt le fios méideanna na bpeircintílí a éilítear sa tábla maidir le dáileadh dóchúlachta a fhaightear bunaithe ar an bpróiseas ionsamhlúcháin (glan ar athárachas agus ar bhonn lascainithe).

NLST Foriomlán Neamhshaoil agus Sláinte, comhlán ar athárachas

Z0020	Cineál riosca	Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – Riosca préimhe agus riosca cúlchiste NSLT Neamhshaoil agus Sláinte comhiomlánaithe i gcomhpháirt leis an riosca tubaiste intuigthe 2 – Riosca préimhe agus riosca cúlchiste NSLT Neamhshaoil agus Sláinte comhiomlánaithe i gcomhpháirt 3 – Riosca préimhe agus riosca cúlchiste frithgheallta Neamhshaoil leis an riosca tubaiste intuigthe 4 – Riosca préimhe agus riosca cúlchiste frithgheallta Neamhshaoil 5 – Riosca préimhe agus riosca cúlchiste frithgheallta NLST Sláinte arna chomhiomlánú ar leithligh leis an riosca tubaiste intuigthe 6 – Riosca préimhe agus riosca cúlchiste frithgheallta NLST Sláinte arna chomhiomlánú ar leithligh
C0130	Iomlán neamh-éagsúlaithe	Méid foriomlán an riosca frithgheallta NSLT neamhshaoil agus sláinte sula gcuirtear éifeachtaí éagsúlúcháin i measc rioscaí éagsúla neamhshaoil i bhfeidhm. Áireofar sa mhéid seo riosca tubaiste má shamhaltaítear é i gcomhpháirt leis an riosca préimhe agus an riosca cúlchiste, seachas sin tuairisceofar riosca tubaiste ag úsáid cóid ar leithligh mar a thuairiscítear sa roinn "DÁILEADH CAILLTEANAS DE BHARR PRIACAIL TUBAISTE" den chomhad LOG seo.

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
C0140	An tÉagsúlú	An difríocht idir an riosca frithgheallta NSLT neamhshaoil agus sláinte iomlán neamh-éagsúlaithe neamhspleách agus an riosca frithgheallta neamhshaoil éagsúlaithe. Is é atá sa mhéid seo an éifeacht éagsúlúcháin agus tuairisceofar é mar luach diúltach.
C0150	Éagsúlaithe	Méid iomlán an riosca frithgheallta NSLT neamhshaoil agus sláinte tar éis chur i bhfeidhm na n-éifeachtaí éagsúlúcháin i measc rioscaí éagsúla. Áireofar sa mhéid seo riosca tubaiste má shamhaltaítear é i gcomhpháirt leis an riosca préimhe agus an riosca cúlchiste, seachas sin tuairisceofar riosca tubaiste ag úsáid cóid ar leithligh mar a thuairiscítear sa roinn "DÁILEADH CAILLTEANAS DE BHARR PRIACAIL TUBAISTE" den chomhad LOG seo.
R1210	An Ceanglas um Chaipiteal Sócmhainneachta	Is é seo an méid cistí a theastaíonn ó ghnóthais árachais agus athárachais chun a rioscaí a chumhdach. Éilítear é chun an ceanglas um chaipiteal sócmhainneachta a shainaithint le haghaidh gach réime gnó inmheánaí, LoBanna SII agus leibhéil chomhiomláin bunaithe ar mhéid atá comhlán ar shonraí athárachais.
R1220	Meán (aschur) ionsamhlaithe	Is é seo meán an dáilte dóchúlachta. Is é atá ann an t-aschur a fhaightear bunaithe ar an bpróiseas ionsamhlúcháin (comhlán ar athárachas agus ar bhonn lascainithe).
R1230	Diall caighdeánach (aschur) ionsamhlaithe	Is é seo diall caighdeánach an dáilte dóchúlachta. Is é atá ann an t-aschur a fhaightear bunaithe ar an bpróiseas ionsamhlúcháin (comhlán ar athárachas agus ar bhonn lascainithe).
R1240-R1450	Peircintílí ó 0,001 go 0,999	Ní mór don ghnóthas a thabhairt le fios méideanna na bpeircintílí a éilítear sa chairt maidir le dáileadh dóchúlachta a fhaightear bunaithe ar an bpróiseas ionsamhlúcháin (comhlán ar athárachas agus ar bhonn lascainithe).

NLST Foriomlán Neamhshaoil agus Sláinte, glan ar athárachas

R1460	An Ceanglas um Chaipiteal Sócmhainneachta	Is é seo an méid cistí a theastaíonn ó ghnóthais árachais agus athárachais chun a rioscaí a chumhdach. Éilítear é chun an ceanglas um chaipiteal sócmhainneachta a shainaithint le haghaidh gach réime gnó inmheánaí, LoBanna SII agus leibhéil chomhiomláin bunaithe ar mhéid atá glan ar shonraí athárachais.
R1470	Meán (aschur) ionsamhlaithe	Is é seo meán an dáilte dóchúlachta. Is é atá ann an t-aschur a fhaightear bunaithe ar an bpróiseas ionsamhlúcháin (glan ar athárachas agus ar bhonn lascainithe).
R1480	Diall caighdeánach (aschur) ionsamhlaithe	Is é seo diall caighdeánach an dáilte dóchúlachta. Is é atá ann an t-aschur a fhaightear bunaithe ar an bpróiseas ionsamhlúcháin (glan ar athárachas agus ar bhonn lascainithe).
R1490-R1700	Peircintílí ó 0,001 go 0,999	Ní mór don ghnóthas a thabhairt le fios méideanna na bpeircintílí a éilítear sa chairt maidir le dáileadh dóchúlachta a fhaightear bunaithe ar an bpróiseas ionsamhlúcháin (glan ar athárachas agus ar bhonn lascainithe).

Dáileadh caillteanas de bharr Priacail Tubaiste

C0020	Cineálacha a ndéanann an teagmhas tubaiste difear dóibh	Liosta na gcineálacha uile a ndéanann an teagmhas tubaiste difear dóibh i gcás an phriacail ábhartha.

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
C0160	Tubaiste	Ainm an tubaiste nádúrtha nó an phriacail de dhéantús an duine in aghaidh an réigiúin samhaltaithe. Cuir ainm an réigiúin agus an phriacail san áireamh. Ná húsáid ainmneacha cineálacha mar shampla réigiún1 ná priacal1. Moltar go dtabharfaí ainmneacha na bpriacal agus na réigiúnacha i mBéarla.
C0170	Samhail díoltóra, a bhí ar fáil ar bhonn tráchtála, a úsáideadh (más infheidhme)	Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: Tá Níl
C0180	Ainm agus leagan na samhla díoltóra, a bhí ar fáil ar bhonn tráchtála, a úsáideadh (más infheidhme)	Má úsáidtear samhail díoltóra, atá ar fáil ar bhonn tráchtála, sa tsamhail inmheánach don phriacal, ba cheart ainm na samhla agus leagan na samhla ar a bhfuil na hionsamhlúcháin bunaithe a bheith sa réimse seo.
C0190	Faisnéis míniúcháin (mura mbíonn caillteanas AEP ar fáil)	Soláthair faisnéis ghairid bheacht ar an tsamhail agus na cúiseanna, mura mbíonn an réimse “caillteanas AEP” ar fáil. Má aontaíodh amhlaidh leis an an stiúrthóir atá freagrach, d’fhéadfaí an réimse seo a úsáid chun faisnéis maidir le cur chuige samhaltúcháin i gcásanna eile a sholáthar.
C0200	Suim iomlán atá faoi árachas	Ní mór don ghnóthas árachais nó athárachais an méid iomlán atá faoi árachas le haghaidh gnó árachais dhírigh a thuairisciú de réir priacail agus réigiúin.
C0210	Méid na neamhchosanta	An méid neamhchosanta a úsáideann an gnóthas, méid a aontaíodh leis an stiúrthóir freagrach. Féadann an mhéadracht a úsáidtear a bheith éagsúil ag brath ar na priacail agus na réigiúin.
C0220	Méadracht neamhchosanta	Tuairisc ghairid ar an méadracht neamhchosanta a úsáidtear sa cholún roimhe seo (C6).

Dáileadh caillteanas de bharr Priacail Tubaiste - Iomlán an ghnó (réadmhaoine agus neamh-réadmhaoine)

Z0010	Réim ghnó inmheánach	Ainm na réime gnó inmheánaí a úsáideann an gnóthas.
C0230-C0400/R1710	An meán ionsamhlaithe ón tsamhail le haghaidh Iomlán an ghnó (réadmhaoine agus neamh-réadmhaoine)	Is é seo meán an dáilte dóchúlachta a chomhfhreagraíonn do gach priacal agus comhiomlán de phriacail. Is é atá ann an t-aschur a fhaightear bunaithe ar an bpróiseas ionsamhlúcháin. Ba cheart an meán a thuairisciú leis na deighiltí a leanas: — Meán OEP i gcás gach gnólachta, comhlán ar athárachas — Meán AEP i gcás gach gnólachta, comhlán ar athárachas — Meán an Chaillteanais bhliantúil i gcás gach gnólachta, comhlán ar athárachas — Meán OEP i gcás gach gnólachta, glan ar athárachas — Meán AEP i gcás gach gnólachta, glan ar athárachas — Meán an Chaillteanais bhliantúil i gcás gach gnólachta, glan ar athárachas Ní hionann “Caillteanas bliantúil” agus “Meánchaillteanas Bliantúil” (AAL), ach is é an caillteanas a chinntear de réir an tomhais staidrimh, i.e. meán, diall caighdeánach nó peircintíl. Baineann AAL leis an meánchaillteanas bliantúil.

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
C0230-C0400/R1720	An diall caighdeánach ionsamhlaithe le haghaidh Iomlán an ghnó (réadmhaoine agus neamh-réadmhaoine)	Is é seo diall caighdeánach an dáilte dóchúlachta a chomhfhreagraíonn do gach priacal agus comhiomlán de phriacail. Is é atá ann an t-aschur a fhaightear bunaithe ar an bpróiseas ionsamhlúcháin. Ba cheart an diall caighdeánach a thuairisciú leis an deighilt chéanna atá ag an Meán ionsamhlaithe.
C0230-C0400/R1730-R1810	Peircintílí ionsamhlaithe le haghaidh Iomlán an ghnó (réadmhaoine agus neamh-réadmhaoine)	Peircintílí dáilte dóchúlachta a fhaightear bunaithe ar an bpróiseas ionsamhlúcháin le haghaidh gach priacail agus comhiomlán de phriacail. Is iad 0,75, 0,9, 0,96, 0,98, 0,99, 0,995, 0,996, 0,998 agus 0,999 na peircintílí tuairiscithe. Tuairisceofar an fhaisnéis le haghaidh gach peircintíle ar leithligh leis an deighilt chéanna atá ag an Meán ionsamhlaithe.

Sonraí na préimhe agus suimeanna faoi árachas

C0410/R1820-R1950	Préimh Chomhlán Bhliantúil – Árachas díreach	Deighilt na préimhe comhláine bliantúla scríofa le haghaidh gnó árachais dhírigh de réir réigiún geografach. Is iad na réigiúin gheografacha a leanas na cinn atá le húsáid: an Eoraip, an Afraic, Oirthuaisceart na Stát Aontaithe, Oirdheisceart na Stát Aontaithe, Iarthar Láir na Stát Aontaithe, Iarthar na Stát Aontaithe, Meiriceá Thuaidh (seachas na Stáit Aontaithe), Muir Chairib agus Meiriceá Láir, Meiriceá Theas, an Astráil, an tSeapáin, an Áise (seachas an tSeapáin) agus an Chuid eile den Domhan. Ba cheart aon phréimh neamh-leithdháilte a chur sa Bhuicéad neamh-leithdháilte. Is féidir sainmhíniú ar na limistéir gheografacha sin a fháil in Iarscríbhinn III de RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2015/35. ÓN gCOIMISIÚN. Nuair is forthacar de na réigiúin shainmhínithe sa rialachán tarmligthe é ceann de na réigiúin gheografacha thuas, ba cheart na tíortha uile sna fothacair a mheas don réigiún sin. An t-aon eisceacht anseo is ea an tSeapáin, tír atá dealaithe ón gcuid eile den Áise.
C0420/R1820-R1950	Suim Iomlán atá faoi Árachas – Árachas díreach	Deighilt na suime iomláine faoi árachas le haghaidh gnó árachais dhírigh de réir réigiún geografach. Is iad na réigiúin gheografacha a leanas na cinn atá le húsáid: an Eoraip, an Afraic, Oirthuaisceart na Stát Aontaithe, Oirdheisceart na Stát Aontaithe, Iarthar Láir na Stát Aontaithe, Iarthar na Stát Aontaithe, Meiriceá Thuaidh (seachas na Stáit Aontaithe), Muir Chairib agus Meiriceá Láir, Meiriceá Theas, an Astráil, an tSeapáin, an Áise (seachas an tSeapáin) agus an Chuid eile den Domhan. Ba cheart aon phréimh neamh-leithdháilte a chur sa Bhuicéad neamh-leithdháilte. Is féidir sainmhíniú ar na limistéir gheografacha sin a fháil in Iarscríbhinn III de RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2015/35. ÓN gCOIMISIÚN. Nuair is forthacar de na réigiúin shainmhínithe sa rialachán tarmligthe é ceann de na réigiúin gheografacha thuas, ba cheart na tíortha uile sna fothacair a mheas don réigiún sin. An t-aon eisceacht anseo is ea an tSeapáin, tír atá dealaithe ón gcuid eile den Áise.
C0410/R1960-R1990	Préimh Chomhlán Bhliantúil – Athárachas	Ní mór don ghnóthas árachais nó athárachais a phréimh chomhlán bhliantúil scríofa le haghaidh athárachais a dheighilt de réir réigiún geografach. Is iad an Eoraip, Meiriceá Thuaidh agus an Chuid eile den Domhan na réigiúin gheografacha atá le húsáid. Ba cheart aon phréimh neamh-leithdháilte a chur sa Bhuicéad neamh-leithdháilte.
C0420/R1960-R1990	Suim Iomlán atá faoi Árachas – Athárachas	Ní mór don ghnóthas árachais nó athárachais a shuim iomlán faoi árachas le haghaidh athárachais a dheighilt de réir réigiún geografach. Is iad an Eoraip, Meiriceá Thuaidh agus an Chuid eile den Domhan na réigiúin gheografacha atá le húsáid. Ba cheart aon phréimh neamh-leithdháilte a chur sa Bhuicéad neamh-leithdháilte.

DEIGHILT AN IONCAIM PRÉIMHE

C0430/R2000	Athárachas díreach	Ioncam préimhe (préimh chomhlán leithdháilte scríofa a thuartar don chéad 12 mhí eile mar a úsáidtear sa tsamhail) le haghaidh ghnó árachais dhírigh an ghnóthais árachais nó athárachais.

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
C0430/R2010	Athárachas	Ioncam préimhe (préimh chomhlán leithdháilte scríofa a thuartar don chéad 12 mhí eile mar a úsáidtear sa tsamhail) le haghaidh ghnó árachais an ghnóthais árachais nó athárachais.
C0430/R2020	Aisghéilleadh	Ioncam préimhe (préimh chomhlán leithdháilte scríofa a thuartar don chéad 12 mhí eile mar a úsáidtear sa tsamhail) le haghaidh aisghéilleadh an ghnóthais árachais nó athárachais.
PRIACAIL SHUNTASACHA EILE		
C0440/R2030	Priacail shuntasacha eile	Ba cheart don ghnóthas árachais nó athárachais a thabhairt le fios anseo le "Tá" cé acu atá nó nach bhfuil priacail shuntasacha eile, nach n-áirítear in NatCat nó Priacail de dhéantús an duine, ag baint lena ghnó, ach seachas sin ba cheart "Níl" a bheith sa chill seo.
C0440/R2040	Tuairisc ar phriacail eile	Má bhíonn "Tá" sa chill thuas, ba cheart don ghnóthas árachais nó athárachais tuairisc téacs a sholáthar anseo maidir leis an bpriacal suntasach/na priacail shuntasacha eile sin.
COMHIOMLÁNÚ SCR PRIACAIL – Arna thuairisciú glan ar árachas		
C0450/R2050	Riosca NatCat neamh-éagsúlaithe iomlán	Suim SCR ar leithligh do na priacail riosca NatCat uile.
C0450/R2060	Éagsúlú idir priacail NatCat	Éifeacht éagsúlúcháin ar SCR idir priacail NatCat. Arna ríomh mar SCR le haghaidh priacal riosca NatCat - Suim SCR ar leithligh do na priacail riosca NatCat uile.
C0450/R2070	Riosca neamh-éagsúlaithe iomlán de dhéantús an duine	Suim SCR uile do na priacail riosca uile de dhéantús an duine.
C0450/R2080	Éagsúlú idir priacail de dhéantús an duine	Éifeacht éagsúlaithe ar SCR idir priacail de dhéantús an duine. Arna ríomh mar SCR le haghaidh priacal riosca de dhéantús an duine - Suim SCR ar leithligh do na priacail riosca uile de dhéantús an duine.
C0450/R2090	Riosca tubaiste neamhshaoil eile	SCR le haghaidh riosca tubaiste neamhshaoil eile.
C0450/R2100	Éagsúlú idir priacail tubaiste neamhshaoil eile	Éifeacht éagsúlúcháin ar SCR idir Priacail eile. Arna ríomh mar SCR le haghaidh Priacail riosca eile - Suim SCR ar leithligh do na Priacail riosca uile eile.
C0450/R2110	Riosca tubaiste neamhshaoil - éagsúlú iomlán	Éifeacht éagsúlúcháin ar SCR idir Priacail NatCat, Priacail de dhéantús an duine agus Priacail eile. Arna ríomh mar SCR le haghaidh Riosca tubaiste - SCR le haghaidh Priacal riosca SCR - SCR le haghaidh na bPriacal riosca uile de dhéantús an duine - SCR le haghaidh na bPriacal riosca uile Eile.
C0450/R2120	Riosca tubaiste neamhshaoil iomlán - éagsúlaithe	SCR le haghaidh Riosca tubaiste.

S.26.14 – Samhail inmheánach: Riosca frithgheallta Saoil agus Sláinte

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh grúpaí.

Tuairisceofar an teimpléad seo bunaithe ar an infhaighteacht sonraí de réir ailtireacht inmheánach na samhla agus na próifíle riosca i gcás inar féidir le hiarracht réasúnach. Na sonraí a bheidh le tuairisciú, comhaontófar iad idir údaráis mhaoirseachta náisiúnta agus grúpaí.

Sa teimpléad seo, tuairiscítear torthaí samhlacha inmheánacha le haghaidh riosca frithgheallta SLT Saoil agus Sláinte. Má chomhtháthaíonn árachóirí riosca frithgheallta NSLT Sláinte i struchtúr samhla an riosca frithgheallta SLT Saoil agus Sláinte, ba cheart torthaí na samhla NSLT Sláinte a thuairisciú sa teimpléad seo freisin.

Ag brath ar struchtúr shamhaltú an riosca frithgheallta SLT Saoil agus Sláinte, ba cheart ceann den dá bhloc le haghaidh riosca fadsaolaí agus mortlaíochta a úsáid. Más é go samhaltaítear na rioscaí Mortlaíochta agus Fadsaolaí le chéile mar gheall ar an struchtúr samhla inmheánach, ní thuairisceofar ach R0270 le haghaidh na rioscaí seo i gcás ina gcomhcheanglaítear na rioscaí sin.

Go ginearálta, mura féidir na cealla a thuairisciú go ciallmhar, ba cheart rogha mhalartach a roghnú. Mar shampla, mura féidir le gnóthas samhaltú treochta, leibhéil nó luaineachta a scaradh laistigh d'fhomhodúl, ba cheart faisnéis a sholáthar ar an leibhéal comhiomlán comhfhreagrach.

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
ROGHA 1 – RIOSCA SAOIL		
C0010/R0010, R0060, R0250, R0270 C0030-C0040/R0110	Glan dliteanas an Mheastacháin is Fearr + Forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine	Tuairisceofar an meastachán is fearr glan ar athárachas agus tagraítear leis do tháirgí na punainne árachais saoil atá íogair i ndáil leis an gcatagóir riosca ábhartha. Ba cheart forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine a thabhairt isteach freisin. Baineann an deighilt le haghaidh chomhiomlán an riosca míchumais/galrachta leis na blianachtaí a íoctar amach ("APO") nó nach n-íoctar amach ("ANPO").
C0050/R0010, R0060, R0110, R0250, R0270	Glanphréimheanna Scríofa	Tuairisceofar iomlán na bpréimheanna scríofa glan ar athárachas le haghaidh tháirgí na punainne árachais saoil atá íogair i ndáil leis an gcatagóir riosca ábhartha.
C0060/R0010, R0060, R0110, R0250, R0270	Suim faoi árachas	Tuairisceofar an tsuim iomlán atá faoi árachas le haghaidh tháirgí na punainne árachais saoil atá íogair i ndáil leis an gcatagóir riosca ábhartha.
C0070/R0010-R0270	Ceanglais um Chaipiteal Sócmhainneachta	SCR le haghaidh na catagóire ábhartha riosca, glan ar athárachas. Tá feidhm ag na mínithe a leanas i gcás C0070 – C0260: Maidir leis na rioscaí comhiomlána, ba cheart SCR tar éis chomhiomlánú na bhforioscaí foluiteacha a thuairisciú. Maidir leis an riosca dul i léig, tá feidhm ag an méid a leanas: — Cumhdaítear le "dul i léig" feidhmiú roghanna conarthacha de réir na céille ginearálta. — Is rioscaí dul in éag seachas ollriosca dul in éag é an riosca maidir le méadú ar rioscaí dul in éag (R0170) agus laghdú ar rioscaí dul in éag (R0180), i gcás ina gcumhdaítear le R0170 (R0180) an chuid den ghnó as a dtagann caillteanas má thagann méadú (laghdú) ar rioscaí dul in éag mar a shainmhínítear sa tsamhail inmheánach.

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
		— Is riosca carntha nó riosca tubaiste dul in éag mar a shainmhínítear sa tsamhail inmheánach é an t-ollriosca dul in éag (R0190). — Cumhdaítear le “deighilt de chineál riosca dul in éag (seachas ollriosca dul in éag)” neamh-ollriosca dul in éag mura mbíonn deighilt i méadú/laghdú ar fáil agus tairgtear leis deighilt i dtrí gharbhchatagóir: “géilleadh iomlán”, i.e. foirceannadh an chonartha, “géilleadh páirteach” agus “eile” lena bhfeidhmítear roghanna conarthacha nó “Iompraíocht an tsealbhóra beartais”.
C0080/R0010-R0270	Meán	Meán an dáilte dóchúlachta SCR ghlain
C0090/R0010-R0270	Diall caighdeánach	Diall caighdeánach an dáilte dóchúlachta SCR ghlain
C0100-C0310/R0010-R0270	Peircintílí ó 0,001 go 0,999	Ní mór do na gnóthais árachais agus athárachais a thabhairt le fios méideanna na bpeircintílí a éilítear sa tábla maidir le dáileadh dóchúlachta a fhaightear bunaithe ar an bpróiseas ionsamhlúcháin (glan ar athárachas agus ar bhonn lascainithe).

ROGHA 2 – RIOSCA SAOIL

Le líonadh isteach má bhíonn deighilt idir an riosca Treochta agus an riosca Leibhéil sa tsamhail inmheánach agus sa chás sin amháin. Sa chás sin, úsáidfear an teimpléad a leanas (S.26.14.01.02) in ionad an teimpléid thuas (S.26.14.01.01).

C0010/R0300	Glan dliteanas an Mheastacháin is Fearr + Forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine	Tuairisceofar meastachán is fearr an riosca tubaiste glan ar athárachas agus tagraítear leis do tháirgí na punainne árachais saoil atá íogair i ndáil leis an gcatagóir riosca ábhartha. Ba cheart forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine a thabhairt isteach freisin.
C0050/R0300	Glanphréimheanna Scríofa	Tuairisceofar iomlán na nglanphréimheanna scríofa le haghaidh an riosca tubaiste le haghaidh tháirgí na punainne árachais saoil atá íogair i ndáil leis an gcatagóir riosca ábhartha.
C0060/R0300	Suim faoi árachas	Tuairisceofar an tsuim iomlán atá faoi árachas le haghaidh riosca tubaiste le haghaidh tháirgí na punainne árachais saoil atá íogair i ndáil leis an gcatagóir riosca ábhartha.
C0070/R0280-R0300	Ceanglais um Chaipiteal Sócmhainneachta	SCR le haghaidh na catagóire ábhartha riosca, glan ar athárachas. Maidir leis na rioscaí comhiomlána, ba cheart SCR glan tar éis chomhiomlánú na bhfomhodúl foluiteach a thuairisciú.
C0080/R0280-R0300	Meán	Meán an dáilte dóchúlachta SCR

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
C0090/R0280-R0300	Diall caighdeánach	Diall caighdeánach an dáilte dóchúlachta SCR ghlain
C0100-C0310/R0280-R0300	Peircintílí ó 0,001 go 0,999	Ní mór do na gnóthais árachais agus athárachais a thabhairt le fios méideanna na bpeircintílí a éilítear sa tábla maidir le dáileadh dóchúlachta a fhaightear bunaithe ar an bpróiseas ionsamhlúcháin (glan ar athárachas agus ar bhonn lascainithe).

ROGHA 1 – RIOSCA SLÁINTE

Z0010	An cineál riosca Sláinte a shamhaltaítear i Saol & Sláinte?	Tá 3 rogha sa liosta iata: SLT, NSLT agus SLT+NSLT
C0010/R0310, R0360, R0560 C0030-C0040/R0410-R0460	Glan dliteanas an Mheastacháin is Fearr + Forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine	Tuairisceofar an meastachán is fearr glan ar athárachas agus tagraítear leis do tháirgí na punainne árachais sláinte atá íogair i ndáil leis an gcatagóir riosca ábhartha. Ba cheart forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine a thabhairt isteach freisin. Baineann an deighilt le haghaidh chomhiomlán an riosca míchumais/galrachta leis na blianachtaí a íoctar amach (“APO”) nó nach n-íoctar amach (“ANPO”).
C0050/R0310, R0360, R0410-R0460, R0560	Glanphréimheanna Scríofa	Tuairisceofar iomlán na nglanphréimheanna scríofa le haghaidh tháirgí na punainne árachais sláinte atá íogair i ndáil leis an gcatagóir riosca ábhartha.
C0060/R0310, R0360, R0410-R0460, R0560	Suim faoi árachas	Tuairisceofar an tsuim iomlán atá faoi árachas le haghaidh tháirgí na punainne árachais sláinte atá íogair i ndáil leis an gcatagóir riosca ábhartha.
C0070/R0310-R0570	Ceanglais um Chaipiteal Sócmhainneachta	SCR le haghaidh na catagóire ábhartha riosca, glan ar athárachas. Tá feidhm ag na mínithe a leanas i gcás C0070 – C0260: Maidir leis na rioscaí comhiomlána, ba cheart SCR tar éis chomhiomlánú na bhfomhodúl foluiteach a thuairisciú. Maidir leis an riosca dul i léig, tá feidhm ag an méid a leanas: — Cumhdaítear le “dul i léig” feidhmiú roghanna conarthacha de réir na céille ginearálta. — Is rioscaí dul in éag seachas ollriosca dul in éag é an riosca maidir le méadú ar rioscaí dul in éag (R0480) agus laghdú ar rioscaí dul in éag (R0490), i gcás ina gcumhdaítear le R0480 (R0490) an chuid den ghnó as a dtagann caillteanas má thagann méadú (laghdú) ar rioscaí dul in éag mar a shainmhínítear sa tsamhail inmheánach. — Is riosca carntha nó riosca tubaiste dul in éag mar a shainmhínítear sa tsamhail inmheánach é an t-ollriosca dul in éag (R0500). Cumhdaítear le “deighilt de chineál riosca dul in éag (seachas ollriosca dul in éag)” neamh-ollriosca dul in éag mura mbíonn deighilt i méadú/laghdú ar fáil agus tairgtear leis deighilt i dtrí gharbhchatagóir: “géilleadh iomlán”, i.e. foirceannadh an chonartha, “géilleadh páirteach” agus “eile” lena bhfeidhmítear roghanna conarthacha nó “Iompraíocht an tsealbhóra beartais”.

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
C0080/R0310-R0570	Meán	Meán an dáilte dóchúlachta SCR ghlain
C0090/R0310-R0570	Diall caighdeánach	Diall caighdeánach an dáilte dóchúlachta SCR ghlain
C0100-C0310/R0310-R0570	Peircintílí ó 0,001 go 0,999	Ní mór do na gnóthais árachais agus athárachais a thabhairt le fios méideanna na bpeircintílí a éilítear sa tábla maidir le dáileadh dóchúlachta a fhaightear bunaithe ar an bpróiseas ionsamhlúcháin (glan ar athárachas agus ar bhonn lascainithe).

ROGHA 2 – RIOSCA SLÁINTE

Le líonadh isteach má bhíonn deighilt idir an riosca Treochta agus an riosca Leibhéil sa tsamhail inmheánach agus sa chás sin amháin. Sa chás sin, úsáidfear an teimpléad a leanas (S.26.14.01.05) in ionad an teimpléid thuas (S.26.14.01.03).

C0010/R0600	Glan dliteanas an Mheastacháin is Fearr + Forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine	Tuairisceofar an meastachán is fearr glan ar athárachas agus tagraítear leis do tháirgí na punainne árachais sláinte atá íogair i ndáil leis an gcatagóir riosca ábhartha. Ba cheart forálacha teicniúla arna ríomh ina n-iomláine a thabhairt isteach freisin. Baineann an deighilt le haghaidh chomhiomlán an riosca míchumais/galrachta leis na blianachtaí a íoctar amach (“APO”) nó nach n-íoctar amach (“ANPO”).
C0050/R0600	Glanphréimheanna Scríofa	Tuairisceofar iomlán na nglanphréimheanna scríofa le haghaidh tháirgí na punainne árachais sláinte atá íogair i ndáil leis an gcatagóir riosca ábhartha.
C0060/R0600	Suim faoi árachas	Tuairisceofar an tsuim iomlán atá faoi árachas le haghaidh tháirgí na punainne árachais sláinte atá íogair i ndáil leis an gcatagóir riosca ábhartha.
C0070/R0580-R0600	Ceanglais um Chaipiteal Sócmhainneachta	SCR le haghaidh na catagóire ábhartha riosca, glan ar athárachas. Maidir leis na rioscaí comhiomlána, ba cheart SCR glan tar éis chomhiomlánú na bhfomhodúl foluiteach a thuairisciú.
C0080/R0580-R0600	Meán	Meán an dáilte dóchúlachta SCR ghlain
C0090/R0580-R0600	Diall caighdeánach	Diall caighdeánach an dáilte dóchúlachta SCR ghlain
C0100-C0310/R0580-R0600	Peircintílí ó 0,001 go 0,999	Ní mór do na gnóthais árachais agus athárachais a thabhairt le fios méideanna na bpeircintílí a éilítear sa tábla maidir le dáileadh dóchúlachta a fhaightear bunaithe ar an bpróiseas ionsamhlúcháin (glan ar athárachas agus ar bhonn lascainithe).

CEANGLAIS UM CHAIPITEAL SÓCMHAINNEACHTA

CÓD	ÍTIM	TREORACHA
C0320/R0610	Riosca éagsúlaithe iomlán: Riosca frithgheallta saoil, Riosca frithgheallta Sláinte, riosca frithgheallta Saoil agus Sláinte	Suim na (fo-)SCRanna uile. I gcás "dul in éag", roghnaigh an tsuim de réir mar is iomchuí i ndáil leis na deighiltí a thugtar ar an leibhéal is gráinní. Samplaí: (1) Má bhíonn méadú ar an riosca dul in éag agus laghdú ar an riosca dul in éag agus an t-ollriosca dul in éag ar fáil, suimigh iad sin. Gan beann ar infhaighteacht na deighilte dul in éag. (2) Má bhíonn an t-ollriosca dul in éag agus an deighilt dul in éag ar fáil, chomh maith le foleibhéil deighilte dul in éag, úsáid suim an ollriosca dul in éag agus na deighilte dul in éag. Mura mbíonn ach foleibhéil den deighilt dul in éag ar fáil, roghnaigh iad sin.
C0320/R0620	An tÉagsúlú: Riosca frithgheallta saoil, Riosca frithgheallta Sláinte, riosca frithgheallta Saoil agus Sláinte	An t-éagsúlú idir na forioscaí. Ba cheart an méid sin a thuairisciú mar luach diúltach.
C0320/R0630	Riosca éagsúlaithe: Riosca frithgheallta saoil, Riosca frithgheallta Sláinte, riosca frithgheallta Saoil agus Sláinte	Riosca comhiomlánaithe SCR Saoil agus Sláinte tar éis chomhiomlánú na bhforioscaí uile.

S.26.15 – Samhail inmheánach: Priacal oibriúcháin

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh grúpaí.

Tuairisceofar an teimpléad seo bunaithe ar an infhaighteacht sonraí de réir ailtireacht inmheánach na samhla agus na próifíle riosca i gcás inar féidir le hiarracht réasúnach. Na sonraí a bheidh le tuairisciú, comhaontófar iad idir údaráis mhaoirseachta náisiúnta agus grúpaí.

Is féidir le gach gnóthas a aicmiú féin maidir le rioscaí oibriúcháin a úsáid.

Tá faisnéis maidir leis na cásanna arna sainmhíniú ag an ngnóthas sna colúin C00260–C0060. I gcás aicmithe il-leibhéil, ba cheart sonraí ar an dá leibhéal is airde de riosca oibriúcháin a sholáthar ar a laghad (sainmhínigh C1 mar an leibhéal is airde agus C2 mar an leibhéal níos ísle atá díreach faoi, más ann dóibh). Baineann an fhaisnéis ar fad atá le líonadh isteach leis na dáiltí dóchúlachta caillteanais a thuartar don bhliain amháin.

Maidir le catagóir de chineál imeachta a shainmhínítear mar tharlú de Leibhéal 1 (L1), ba cheart don fhaisnéis uimhriúil uile (SCR, cuaintílí) a bheith ag baint le comhiomlánú an riosca a dhéantar ar an leibhéal sin. Go deimhin, d'fhéadfadh gach catagóir a shainaithnítear sa tarlú de Leibhéal 2 (L2) teacht as comhiomlánú de dháiltí caillteanais na leibhéal is ísle.

Aicmiú cáis inmheánaigh [téacs oscailte]	Aitheantóir uathúil [líon]	Aitheantóir uathúil an mháthairleibhéil. [líon]	
L2 A	201	101	Tabhair faoi deara nach bhfuil luach ag baint le haitheantóir an leibhéil choinneála le haghaidh leibhéal L1, toisc gurb é an máthairleibhéal an riosca oibriúcháin.
L2 B	202	101	
L2 C	203	101	
L2 D	204	102	
L2 E	205	102	
L1 A	101		
L1 B	102		

Priacal Oibriúcháin

	ÍTIM	TREORACHA
C0010/R0010	An bhfuil aicmiú Basel L1 á úsáid?	Sainaithin an úsáidtear na seacht gcatagóir ardleibhéil (L1) a shonraítear in Basel II. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: Tá Níl
C0010/R0020	An bhfuil aicmiú Basel L1 agus L2 á úsáid?	Sainaithin an úsáidtear catagóirí Basel Leibhéal 1 agus 2 agus a n-ordlathas (ina n-áirítear L2 i ngach L1) a shonraítear in Basel II [Iarscríbhinn 7]. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: Tá Níl
C0020	Ainm an cháis	Ba cheart do na grúpaí uile an tábla seo a líonadh isteach, lena n-áirítear i gcásanna ina bhfreagraíonn an gnóthas “Níl” maidir le “C0010/R0010” agus/nó “C0010/R0020”, le hainmneacha na gcásanna inmheánacha a úsáideann an tsamhail inmheánach le haghaidh ríomhanna an Riosca oibriúcháin.
C0030	Aitheantóir uathúil	Is aitheantóir uathúil an cháis inmheánaigh é seo. Ba cheart dó seo a bheith comhsheasmhach ar fud na dtréimhsí tuairiscithe éagsúla. Is réimse uimhriúil é seo.
C0040	Aitheantóir uathúil an mháthairleibhéil.	Is aitheantóir uathúil an mháthaircháis inmheánaigh láithrigh é seo. Ba cheart dó seo a bheith comhsheasmhach ar fud na dtréimhsí tuairiscithe éagsúla. Is réimse uimhriúil é seo.

	ÍTIM	TREORACHA
C0050	Mapáil aicmithe Basel L1	Le líonadh isteach ag gnóthais a fhreagraíonn “Tá” maidir le C0010/R0010 nó más ann don mhapáil do Basel L1. Ba cheart don réimse a bheith folamh má bhíonn an cás níos airde ná leibhéal 2 den aicmiú sin. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1. Calaois inmheánach 2. Calaois sheachtrach 3. Cleachtais fostaíochta agus sábháilteacht san ionad oibre 4. Damáiste do shócmhainní fisiceacha 5. Míshocracht ghnó agus teipeanna córais 6. Cliaint, táirgí agus cleachtais ghnó 7. Forghníomhú, seachadadh agus bainistíocht próisis
C0060	Mapáil aicmithe Basel L2	Le líonadh isteach ag gnóthais a fhreagraíonn “Tá” maidir le C0010/R0020 nó más ann don mhapáil do Basel L2. Ba cheart don réimse a bheith folamh má bhíonn an cás níos airde ná leibhéal 2 den aicmiú sin. Is féidir an tarlú “Eile” a úsáid i gcás ina bhféadfaí an riosca a aicmiú i gcatagóir Leibhéal 1 Basel ach nach ann do chatagóir de Leibhéal 2. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1. Calaois inmheánach - Gníomhaíocht neamhúdaraithe 2. Calaois inmheánach - Gadaíocht agus calaois 3. Calaois inmheánach - Eile 4. Calaois sheachtrach - Gadaíocht agus calaois 5. Calaois sheachtrach - Slándáil córas 6. Calaois sheachtrach - Eile 7. Cleachtais fostaíochta agus sábháilteacht san ionad oibre - Caidrimh fostaithe 8. Cleachtais fostaíochta agus sábháilteacht san ionad oibre - Timpeallacht shábháilte 9. Cleachtais fostaíochta agus sábháilteacht san ionad oibre - Éagsúlacht agus idirdhealú 10. Cleachtais fostaíochta agus sábháilteacht san ionad oibre - Eile 11. Damáiste do shócmhainní fisiceacha - Tubaistí agus teagmhais eile 12. Damáiste do shócmhainní fisiceacha - Eile

	ÍTIM	TREORACHA
		13. Míshocracht ghnó agus teipeanna córais - Córais 14. Míshocracht ghnó agus teipeanna córais - Eile 15. Cliaint, táirgí agus cleachtais ghnó - Oiriúnacht, nochtadh agus muinín 16. Cliaint, táirgí agus cleachtais ghnó - Gnó nó cleachtais mhargaidh mhíchuí 17. Cliaint, táirgí agus cleachtais ghnó - Táirgí lochtacha 18. Cliaint, táirgí agus cleachtais ghnó - Roghnú, urraíocht agus neamhchosaint 19. Cliaint, táirgí agus cleachtais ghnó - Gníomhaíochtaí comhairleacha 20. Cliaint, táirgí agus cleachtais ghnó - Eile 21. Forghníomhú, seachadadh agus bainistíocht próisis - Gabháil, forghníomhú agus cothabháil idirbheart 22. Forghníomhú, seachadadh agus bainistíocht próisis - Faireachán agus tuairisciú 23. Forghníomhú, seachadadh agus bainistíocht próisis - Iontógáil agus doiciméadacht custaiméirí 24. Forghníomhú, seachadadh agus bainistíocht próisis - Bainistíocht cuntais custaiméirí/cliant 25. Forghníomhú, seachadadh agus bainistíocht próisis - Contrapháirtithe trádála 26. Forghníomhú, seachadadh agus bainistíocht próisis - Díoltóirí agus soláthróirí 27. Forghníomhú, seachadadh agus bainistíocht próisis - Eile
C0070	Dáileadh Dóchúlachta	Sainaithin an dáileadh dóchúlachta. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1. Poisson-lognormal 2. Lognormalach 3. Poisson-Pareto 4. Eimpíreach 5. Pareto 6. Eile, sonraigh 7. Faighte le comhiomlánú na leibhéal is ísle Tá míreanna 1 go 6 le húsáid i gcás ina gcainníochtaítear an dáileadh dóchúlachta; tá mír 7 le húsáid i gcás ina bhfaightear an dáileadh dóchúlachta trí chomhiomlánú a dhéanamh ar dháilte an leibhéil is ísle.
C0080	An Ceanglas um Chaipiteal Sócmhainneachta	Ceanglas um chaipiteal sócmhainneachta glan ar riosca lena maolaítear conarthaí in aghaidh an cháis.

	ÍTIM	TREORACHA
C0090-C0210	Peircintílí	Peircintílí an dáilte caillteanais (comhfhreagraíonn caillteanais don easnamh ceart) glan ar riosca lena maolaítear conarthaí in aghaidh an cháis.
C0220/R0030	Iomlán neamh-éagsúlaithe Leibhéal 2	Suim na ranníocaíochtaí maidir le ceanglais caipitil neamhspleácha le haghaidh aicmiú rioscaí oibriúcháin Leibhéal 2. Ba cheart aon leibhéal comhiomlánaithe níos ísle a mheas roimhe.
C0220/R0040	Suim an éagsúlaithe laistigh de mhíreanna Leibhéal 2	Difríocht idir suim SCR rioscaí duillí neamh-éagsúlaithe agus C0220/R0030. Ba cheart an méid sin a thuairisciú mar luach diúltach. Mar shampla, más é L3 an leibhéal is ísle (na cinn a chainníochtaítear le dáilte dóchúlachta), cuir isteach an difríocht idir suim Leibhéal 3 agus suim Leibhéal 2 (neamhspleách).
C0220/R0050	Iomlán neamh-éagsúlaithe Leibhéal 1	Suim na ranníocaíochtaí maidir le ceanglais caipitil neamhspleácha le haghaidh aicmiú rioscaí oibriúcháin Leibhéal 1. Ba cheart aon leibhéal comhiomlánaithe níos ísle a mheas roimhe.
C0220/R0060	Riosca oibriúcháin – éagsúlú idir míreanna Leibhéal 1	Difríocht idir C0220/R0050 agus C0220/R0070. Ba cheart an méid sin a thuairisciú mar luach diúltach.
C0220/R0070	Riosca oibriúcháin – éagsúlaithe	Caipiteal sócmhainneachta riosca oibriúcháin éagsúlaithe, glan ar riosca lena maolaítear conarthaí.

S.26.16 – Samhail inmheánach – Athruithe Samhla

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh grúpaí.

Is é is cuspóir don teimpléad seo faisnéis a bhailiú maidir le saintréithe na n-athruithe ar an tsamhail de réir an bheartais maidir le hathruithe ceadaithe ar an tsamhail agus faisnéis maidir leis an mbealach a bhfuil SCR athraithe le linn na tréimhse tuairiscithe bliantúla de bharr na n-athruithe sin a cuireadh chun feidhme sa tréimhse sin. Féadfaidh an tréimhse seo a bheith difriúil le tréimhse eile arna cinneadh ag an mbeartas maidir le hathruithe ar an tsamhail i ndáil le carnadh mionathruithe, mar shampla.

Níor cheart mionathruithe ar an tsamhail a chomhaireamh faoi dhó laistigh de na tréimhsí tuairiscithe nó ar fud na dtréimhsí tuairiscithe. Dá bhrí sin, má chuimsítear mionathruithe faoi mhórathrú nó más carnadh mionathruithe é an mórathrú, déanfar ceann den dá ní a leanas:

— bain tionchar na mionathruithe seo sa mhórathrú más rud é gur cuireadh na mionathruithe chun feidhme i dtréimhse tuairiscithe roimhe seo; nó

— cuir san áireamh iad in “iomlán na mionathruithe” agus bain a n-éifeacht den mhórathrú de bharr charnadh thionchar an mhionathraithe.

	ÍTIM	TREORACHA
Cineál Athraithe		
C0010	Mórathrú	Ba cheart don fhaisnéis sa ró seo a bheith bainteach le mórathrú (i dtréimhse tuairiscithe faoi leith). Cé gur féidir mórathruithe iomadúla a chur lena chéile le haghaidh *formheas* amháin, ba cheart iad a dheighilt i gcás ina mbíonn mórathruithe ar leith. Gnás ainmnithe: Mórathrú 1_Comhpháirt 1.
Aitheantóir an athraithe		
C0020	Aitheantóir an athraithe	Ba cheart d'aitheantóir an athraithe a bheith mar an gcéanna san aighneacht aonair agus sa ghrúpa-aighneacht. Úsáidtear é chun na hathruithe aonair a chomhfhreagraíonn don ghrúpa-athrú don tréimhse tuairiscithe a mheaitseáil.
Tuairisc ar Athrú		
C0030	Dáta formheasa	Sainaithin cód ISO 8601 (bbbb–mm–ll) don dáta a dheonaítear an formheas, de réir chinneadh na n-údarás náisiúnta inniúil lena mbaineann.
C0040	Dáta aighneachta	Sainaithin cód ISO 8601 (bbbb–mm–ll) don dáta a cuireadh an aighneacht scríofa faoi bhráid na n-údarás náisiúnta inniúil lena mbaineann lena formheas (i gcás athruithe formheasta).
C0050	Tuairisc ar athrú ar an mbeartas	Tabhair ghairid ar chineál an athraithe agus gnéithe na samhla a athraíodh.
C0060	Leanann an t-athrú astu seo a leanas	Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – Athrú ar an bpróifíl riosca 2 – Athrú ar an ionchur sonraí agus na toimhdí 3 – Athrú ar an modheolaíocht 4 – Eile
C0070	Catagóiriú agus míniú eile	Tabhair tuairisc ar an gcatagóiriú má bhíonn sé difriúil le colún C0060. Má táthar líonta isteach, úsáid an rogha Eile i gcolún C0060.
C0080	Tionchar riosca margaidh	Má dhéantar difear do mhuirear an riosca margaidh de bharr an mhórathraithe ar an tsamhail, cuir é sin in iúl anseo. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: Tá Níl

	ÍTIM	TREORACHA
C0090	Tionchar ar riosca creidmheasa ionstraimí airgeadais	Má dhéantar difear do mhuirear an riosca creidmheasa ar ionstraimí airgeadais de bharr an mhórathraithe ar an tsamhail, cuir é sin in iúl anseo. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: Tá Níl
C0100	Tionchar ar riosca creidmheasa ionstraimí neamhairgeadais	Má dhéantar difear do mhuirear an riosca creidmheasa ar ionstraimí neamhairgeadais de bharr an mhórathraithe ar an tsamhail, cuir é sin in iúl anseo. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: Tá Níl
C0110	Tionchar ar riosca NSLT Neamhshaoil agus Sláinte	Má dhéantar difear do mhuirear an riosca NSLT neamhshaoil agus sláinte de bharr an mhórathraithe ar an tsamhail, cuir é sin in iúl anseo. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: Tá Níl
C0120	Tionchar ar riosca Saoil agus Sláinte	Má dhéantar difear do mhuirear an riosca saoil agus sláinte de bharr an mhórathraithe ar an tsamhail, cuir é sin in iúl anseo. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: Tá Níl
C0130	Tionchar ar riosca oibriúcháin	Má dhéantar difear do mhuirear an riosca oibriúcháin de bharr an mhórathraithe ar an tsamhail, cuir é sin in iúl anseo. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: Tá Níl
C0140	Tionchar ar riosca pinsin	Má dhéantar difear do mhuirear an riosca pinsin de bharr an mhórathraithe ar an tsamhail, cuir é sin in iúl anseo. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: Tá Níl
C0150	Tionchar ar struchtúr spleáchais agus comhghaol	Má dhéantar difear don sochar éagsúlúcháin de bharr athruithe ar an struchtúr spleáchais agus/nó comhghaoil de bharr an mhórathraithe ar an tsamhail, cuir é sin in iúl anseo. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: Tá Níl

	ÍTIM	TREORACHA
C0160	Eile (téacs oscailte)	Tabhair tuairisc ar an mbealach a ndearnadh difear do ranníocaíochtaí samhaltaithe (más ann dóibh) le SCR de bharr an athraithe ar an tsamhail.
C0170	Cáilíocht an athraithe	Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – Cáilíochtúil 2 – Cainníochtúil 3 – Meascán d'athruithe cáilíochtúla/cainníochtúla

Tionchar an athraithe

C0180	Luach iomlán SCR roimh an athrú (méid)	An méid iomlán luacha SCR (rith iomlán samhla lena n-áirítear an chuid foirmle caighdeánaí le haghaidh samhlacha inmheánacha páirteacha agus sochar éagsúlúcháin) roimh an athrú ar an tsamhail in aonaid an airgeadra tuairiscithe. Ná tabhair tuairisc ach ar mhórathruithe. Is é an luach a bhfuil coinne leis ná an luach mar atá in S.23.01.01.01 R0580/C0010 i gcás athruithe aonair agus an luach mar atá in S.23.01.04.01 R0680/C0010 i gcás grúpa-athruithe.
C0190	Dáta tagartha thionchar SCR	Sainaithin cód ISO 8601 (bbbb–mm–ll) do dháta tagartha thionchar SCR mar gheall ar an athrú ar an tsamhail (mór-athruithe amháin). Dáta sonraithe arna thabhairt ag na húdaráis náisiúnta inniúla i litir formheasa an iarratais ar an mórathrú lena bhféadtar an tsamhail fhormheasta a úsáid chun SCR a ríomh.
C0200	Luach iomlán SCR tar éis an athraithe (méid)	Méid SCR iomláin (rith iomlán samhla, más gá, lena n-áirítear an chuid foirmle caighdeánaí le haghaidh samhlacha inmheánacha páirteacha agus sochar éagsúlúcháin) tar éis an athraithe ar an tsamhail mar a shonraítear san iarratas maidir leis an athrú ar an tsamhail in aonaid an airgeadra tuairiscithe. Ná tabhair tuairisc ach ar mhórathruithe. Is é an luach a bhfuil coinne leis ná an luach mar atá in S.23.01.01.01 R0580/C0010 i gcás athruithe aonair agus an luach mar atá in S.23.01.04.01 R0680/C0010 i gcás grúpa-athruithe.
C0210	Athrú SCR iomláin %	An t-athrú coibhneasta ar SCR iomlán mar chéatadán. (mórathruithe amháin)
C0220	Cistí Dílse gan athrú (méid)	Cistí Dílse Iomlána Incháilithe gan an t-athrú ar an tsamhail in aonaid an airgeadra tuairiscithe. Ná tabhair tuairisc ach ar mhórathruithe. Is é an luach a bhfuil coinne leis ná an luach mar atá in S.23.01.01.01 R0540/C0010 i gcás athruithe aonair agus an luach mar atá in S.23.01.04.01 R0660/C0010 i gcás grúpa-athruithe.
C0230	Cistí Dílse leis an athrú (méid)	Cistí Dílse Iomlána Incháilithe leis an athrú ar an tsamhail in aonaid an airgeadra tuairiscithe. Ná tabhair tuairisc ach ar mhórathruithe. Is é an luach a bhfuil coinne leis ná an luach mar atá in S.23.01.01.01 R0540/C0010 i gcás athruithe aonair agus an luach mar atá in S.23.01.04.01 R0660/C0010 i gcás grúpa-athruithe.
C0260	Truicear eile	Murab é leibhéal an athraithe ar SCR an truicear a bhaineann leis an aicmiú maidir le mórathrú, tabhair tuairisc ar na critéir lena n-aicmítear an t-athrú mar mhórathrú (an truicear ábhartha a thruicear an t-athrú, agus é sin amháin).

	ÍTIM	TREORACHA
C0270	Tionchar an truicir eile (méid)	Méid an tionchair i ndáil leis an truicear in C0260 (seachas SCR)
C0280	Tionchar an truicir eile %	An tionchar i ndáil leis an truicear in C0260 (seachas SCR) mar chéatadán

Mionathruithe

C0220	Cistí Dílse gan athrú (méid)	Cistí Dílse Iomlána Incháilithe gan na mionathruithe ar an tsamhail.
C0230	Cistí Dílse leis an athrú (méid)	Cistí Dílse Iomlána Incháilithe gan na mionathruithe ar an tsamhail móide suim thionchar na mionathruithe ar an tsamhail ar na Cistí Dílse iomlána Incháilithe don tréimhse tuairiscithe seo.
C0240	Suim SCR i gcás mionathruithe lena méadaítear SCR	Suim thionchar na mionathruithe ar an tsamhail ar SCR iomlán lenar méadaíodh SCR don tréimhse tuairiscithe seo, agus na tionchair sin amháin. Ba cheart don luach SCR tagartha a bheith ag teacht leis an luach mar atá in S.23.01.01.01 R0580/C0010 i gcás athruithe aonair agus an luach mar atá in S.23.01.04.01 R0680/C0010 i gcás grúpa-athruithe.
C0250	Suim SCR i gcás mionathruithe lena laghdaítear SCR	Suim thionchar na mionathruithe ar an tsamhail ar SCR iomlán lenar laghdaíodh SCR, in aonaid an airgeadra tuairiscithe, don tréimhse tuairiscithe seo, agus na tionchair sin amháin. Ba cheart don luach SCR tagartha a bheith ag teacht leis an luach mar atá in S.23.01.01.01 R0580/C0010 i gcás athruithe aonair agus an luach mar atá in S.23.01.04.01 R0680/C0010 i gcás grúpa-athruithe.
C0290	An líon mionathruithe a cuireadh chun feidhme le linn na tréimhse tuairiscithe	An líon mionathruithe a cuireadh chun feidhme le linn na tréimhse tuairiscithe.
C0300	Tairseach maidir le carnadh	An tairseach maidir le carnadh mar a shonraítear sa bheartas maidir le hathruithe ar an tsamhail.
C0310	Athshocraigh	Abair cé acu a tharla nó nár tharla athshocrú amháin ar charnadh mionathruithe sa tréimhse tuairiscithe: — Tharla athshocrú ar mhionathruithe ar an tsamhail inmheánach sa tréimhse tuairiscithe — Níor tharla athshocrú ar mhionathruithe ar an tsamhail inmheánach sa tréimhse tuairiscithe.
C0320	Cúis leis an athshocrú	Le tuairisc ghairid, tabhair réasúnú maidir leis an bhfáth gur tharla athshocrú ar charnadh mionathruithe sa tréimhse tuairiscithe.

S.27.01 — Ceanglas um Chaipiteal Sócmhainneachta — Riosca tubaiste neamhshaoil agus sláinte

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh grúpaí, cistí imfhálaithe, punanna coigeartaithe meaitseála agus an chuid atá fágtha.

Is gá teimpléad S.27.01 a líonadh isteach le haghaidh gach ciste imfhálaithe (RFF), gach punainne coigeartaithe meaitseála (MAP) agus le haghaidh an chuid atá fágtha. I gcás ina mbeidh MAP/RFF leabaithe in RFF/MAP, áfach, ba cheart caitheamh leis an gciste mar chistí éagsúla. Déanfar an teimpléad sin a thuairisciú le haghaidh na bhfochistí uile de RFF/MAP ábhartha mar a shainaithnítear sa dara tábla de S.01.03.

Níl Teimpléad SR.27.01 infheidhme ach amháin maidir le RFF/MAP ó ghnóthais a chomhdhlúthaítear i gcomhréir le hAirteagal 335, mír 1, (a), (b) agus (c) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, i gcás ina n-úsáidtear modh 1 (an modh bunaithe ar chomhdhlúthú cuntasaíochta), go heisiach nó i gcomhcheangal le modh 2 (an modh asbhainte agus comhiomlánaithe).

Dearadh an teimpléad seo ionas gur féidir tuiscint a thabhairt ar an mbealach a ríomhadh an modúl riosca tubaiste maidir le SCR agus na príomhspreagthóirí.

Ní mór éifeacht maolaithe riosca chonarthaí athárachais sonracha agus mheáin shainchuspóireacha an ghnóthais a chinneadh i gcás gach cineál riosca tubaiste. Is ríomh ionchasach é seo agus ní mór é a bhunú ar chlár athárachais na chéad bliana tuairiscithe eile mar a thuairiscítear sna teimpléid athárachais le haghaidh Cumhdaigh roghnacha (S.30.01 agus S.30.02 d'Iarscríbhinn II) agus Clár athárachais amach sa chéad bhliain tuairiscithe eile (S.30.03 agus S.30.04 d'Iarscríbhinn II):

Ní mór do ghnóthais meastachán a dhéanamh ar a gcuid aisghabhálacha ó mhaolú riosca i gcomhréir le Treoir 2009/138/CE, Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 agus aon chaighdeán teicniúil ábhartha eile. Líonfaidh gnóthais an teimpléad tuairiscithe tubaiste isteach ar an ngráinneacht a éilítear chun an ríomh sin a dhéanamh, agus a ghráinní sin amháin.

Faoi na modúil riosca frithgheallta neamhshaoil agus sláinte, sainmhínítear riosca tubaiste mar riosca caillteanais, nó athrú diúltach ar luach dliteanas árachais, a leanann éiginnteacht shuntasach maidir le toimhdí praghsála agus soláthair a bhaineann le teagmhais fhoircneacha nó eisceachtúla mar a leagtar amach in Airteagal 105(2)(b) agus (4)(c) de Threoir 2009/138/CE.

Léirítear leis na ceanglais thuairiscithe caipitil na ceanglais caipitil roimh an maolú riosca, agus ina dhiaidh, arb iad éifeacht maolaithe riosca chonarthaí athárachais sonracha agus mheáin shainchuspóireacha an ghnóthais iad. Tagann an ceanglas tuairiscithe caipitil tar éis maolú riosca roimh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais forálacha teicniúla. Tuairisceofar luach réamhshocraithe an mhaolaithe riosca mar luach dearfach chun é a asbhaint.

I gcás ina laghdaíonn an éifeacht éagsúlúcháin an ceanglas caipitil tuairisceofar luach réamhshocraithe an éagsúlaithe mar luach diúltach.

Maidir le tuairisciú grúpa, comhlíonfar na ceanglais shonracha a leanas:

a) Tá an fhaisnéis seo infheidhme nuair a úsáidtear modh 1 mar a shainmhínítear in Airteagal 230 de Threoir 2009/138/CE, go heisiach nó i gcomhcheangal le modh 2 mar a shainmhínítear in Airteagal 233 de Threoir 2009/138/CE;

b) I gcás ina n-úsáidfear modh comhcheangail, níl an fhaisnéis seo le cur isteach ach amháin le haghaidh an chuid den ghrúpa arna ríomh de réir mhodh 1 mar a shainmhínítear in Airteagal 230 de Threoir 2009/138/CE, agus;

c) Níl feidhm ag an bhfaisnéis seo maidir le grúpaí i gcás ina mbeidh modh 2 mar a shainmhínítear in Airteagal 233 de Threoir 2009/138/CE á úsáid go heisiach.

Z0020	Ciste imfhálaithe, punann coigeartaithe meaitseála nó an chuid atá fágtha	Sainaithnítear leis cibé acu a bhaineann na figiúirí a thuairiscítear le RFF, punann coigeartaithe meaitseála nó leis an gcuid atá fágtha. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — RFF/MAP 2 — An chuid atá fágtha
Z0030	Uimhir Chiste/Phunainne	I gcás ina bhfuil mír Z0020 = 1, uimhir aitheantais le haghaidh ciste imfhálaithe nó punann coigeartaithe meaitseála. Is é an gnóthas a thagann faoi raon feidhme mhaoirseacht an ghrúpa a shannann an uimhir sin agus ní mór di a bheith comhsheasmhach le himeacht ama agus leis an uimhir chiste/phunainne a thuairiscítear i dteimpléid eile.
R0001/C0001	Simplithe a úsáideadh – riosca dóiteáin	Sainaithin cé acu a bhain nó nár bhain gnóthas a thagann faoi raon feidhme an ghrúpa le haghaidh ríomh SCR úsáid as simplithe chun riosca dóiteáin a ríomh. Úsáidfear na roghanna seo a leanas: 1 – Simplithe chun críocha Airteagal 90c 9 – Níor úsáideadh simplithe I gcás ina bhfuil R0001/C0001 = 1, ní dhéanfar ach C0880 a líonadh isteach le haghaidh R2600.
R0002/C0001	Simplithe a úsáideadh – riosca tubaiste nádúrtha	Sainaithin cé acu a bhain nó nár bhain gnóthas a thagann faoi raon feidhme an ghrúpa le haghaidh ríomh SCR úsáid as simplithe chun riosca tubaiste nádúrtha a ríomh. Úsáidfear na roghanna seo a leanas: 1 – Simpliú chun críocha Airteagal 90b, stoirm ghaoithe 2 – Simpliú chun críocha Airteagal 90b, crith talún 3 – Simpliú chun críocha Airteagal 90b, tuile 4 – Simpliú chun críocha Airteagal 90b, cloichshneachta 5 – Simpliú chun críocha Airteagal 90b, turnamh talún 9 – Níor úsáideadh simplithe Féadfar roghanna 1 go 5 a úsáid go comhuaineach.
Riosca tubaiste neamhshaoil — Achoimre		
C0010/R0010	SCR roimh mhaolú riosca — Riosca tubaiste nádúrtha	Is é seo an riosca tubaiste iomlán roimh mhaolú riosca a eascraíonn as na priacail tubaiste nádúrtha uile agus an éifeacht éagsúlúcháin idir priacail a thugtar in C0010/R0070 á cur san áireamh.

C0010/R0020–R0060	SCR roimh mhaolú riosca — Priacail riosca tubaiste nádúrtha	Is é seo an ceanglas caipitil iomlán roimh mhaolú riosca de réir an phriacail tubaiste nádúrtha agus an éifeacht éagsúlúcháin idir criosanna agus réigiúin. De réir priacal nádúrtha, tá an méid seo cothrom leis an Muirear Riosca Tubaiste roimh mhaolú riosca.
C0010/R0070	SCR roimh mhaolú riosca — Éagsúlú idir priacail	Éifeacht éagsúlúcháin a eascraíonn as comhiomlánú na muirear caipitil iomlán roimh mhaolú riosca a bhaineann le priacail éagsúla tubaiste nádúrtha.
C0020/R0010	Maolú riosca iomlán — Riosca tubaiste nádúrtha	Is é seo éifeacht iomlán maolúcháin riosca chonarthaí athárachais agus mheáin shainchuspóireacha shonracha an ghrúpa a eascraíonn as na priacail tubaiste nádúrtha uile agus an éifeacht éagsúlúcháin idir priacail a thugtar in C0020/R0070 á cur san áireamh.
C0020/R0020–R0060	Maolú riosca iomlán — Priacail riosca tubaiste nádúrtha	Is é seo éifeacht iomlán maolúcháin riosca chonarthaí athárachais agus mheáin shainchuspóireacha shonracha an ghrúpa in aghaidh an phriacail tubaiste nádúrtha.
C0020/R0070	Maolú riosca iomlán — Éagsúlú idir priacail	Éifeacht éagsúlúcháin a eascraíonn as comhiomlánú éifeacht maolúcháin riosca chonarthaí athárachais agus mheáin shainchuspóireacha shonracha an ghrúpa a bhaineann le priacail éagsúla tubaiste nádúrtha.
C0030/R0010	SCR tar éis maolú riosca — Riosca tubaiste nádúrtha	Is é seo an riosca tubaiste iomlán tar éis maolú riosca a eascraíonn as na priacail tubaiste nádúrtha uile agus an éifeacht éagsúlúcháin idir priacail a thugtar in C0030/R0070 á cur san áireamh.
C0030/R0020–R0060	SCR tar éis maolú riosca — Priacail riosca tubaiste nádúrtha	Is é seo an ceanglas caipitil iomlán tar éis maolú riosca de réir an phriacail tubaiste nádúrtha agus an éifeacht éagsúlúcháin idir criosanna agus réigiúin. De réir priacal nádúrtha, tá an méid seo cothrom leis an Muirear Riosca Tubaiste tar éis maolú riosca.
C0030/R0070	SCR tar éis maolú riosca — Éagsúlú idir priacail	Éifeacht éagsúlúcháin a eascraíonn as comhiomlánú na muirear caipitil iomlán tar éis maolú riosca a bhaineann le priacail éagsúla tubaiste nádúrtha.
C0010/R0080	SCR roimh mhaolú riosca — Riosca tubaiste in athárachas neamhréireach réadmhaoine	Is é seo an riosca tubaiste iomlán roimh mhaolú riosca a eascraíonn as athárachas neamhréireach réadmhaoine.
C0020/R0080	Maolú riosca iomlán — Riosca tubaiste in athárachas neamhréireach réadmhaoine	Is é seo éifeacht iomlán maolúcháin riosca chonarthaí athárachais agus mheáin shainchuspóireacha shonracha an ghrúpa le haghaidh athárachas neamhréireach réadmhaoine.

C0030/R0080	SCR tar éis maolú riosca — Riosca tubaiste in athárachas neamhréireach réadmhaoine	Is é seo an riosca tubaiste iomlán tar éis maolú riosca a eascraíonn as athárachas neamhréireach réadmhaoine.
C0010/R0090	SCR roimh mhaolú riosca — Riosca tubaiste de dhéantús an duine	Is é seo an riosca tubaiste iomlán roimh mhaolú riosca a eascraíonn as na priacail tubaiste uile de dhéantús an duine agus an éifeacht éagsúlúcháin idir priacail a thugtar in C0010/R0160 á cur san áireamh.
C0010/R0100–R0150	SCR roimh mhaolú riosca — Priacail riosca tubaiste de dhéantús an duine	Is é seo an ceanglas caipitil iomlán roimh mhaolú riosca de réir an phriacail de dhéantús an duine, an éifeacht éagsúlúcháin idir fophriacail á cur san áireamh. De réir priacal de dhéantús an duine, tá an méid seo cothrom leis an Muirear Riosca Tubaiste roimh mhaolú riosca.
C0010/R0160	SCR roimh mhaolú riosca — Éagsúlú idir priacail	Éifeacht éagsúlúcháin a eascraíonn as comhiomlánú na muirear caipitil iomlán roimh mhaolú riosca a bhaineann le priacail éagsúla tubaiste de dhéantús an duine.
C0020/R0090	Maolú riosca iomlán — Riosca tubaiste de dhéantús an duine	Is é seo éifeacht iomlán maolúcháin riosca chonarthaí athárachais agus mheáin shainchuspóireacha shonracha an ghrúpa a eascraíonn as na priacail tubaiste uile de dhéantús an duine agus an éifeacht éagsúlúcháin idir priacail a thugtar in C0020/R0160 á cur san áireamh.
C0020/R0100–R0150	Maolú riosca iomlán — Priacail riosca tubaiste de dhéantús an duine	Is é seo éifeacht iomlán maolúcháin riosca chonarthaí athárachais agus mheáin shainchuspóireacha shonracha an ghrúpa in aghaidh an phriacail tubaiste de dhéantús an duine.
C0020/R0160	Maolú riosca iomlán — Éagsúlú idir priacail	Éifeacht éagsúlúcháin a eascraíonn as comhiomlánú éifeacht maolúcháin riosca chonarthaí athárachais agus mheáin shainchuspóireacha shonracha an ghrúpa a bhaineann le priacail éagsúla tubaiste de dhéantús an duine.
C0030/R0090	SCR tar éis maolú riosca — Riosca tubaiste de dhéantús an duine	Is é seo an riosca tubaiste iomlán tar éis maolú riosca a eascraíonn as na priacail tubaiste uile de dhéantús an duine agus an éifeacht éagsúlúcháin idir priacail a thugtar in C0030/R0160 á cur san áireamh.
C0030/R0100–R0150	SCR tar éis maolú riosca — Priacail riosca tubaiste de dhéantús an duine	Is é seo an ceanglas caipitil iomlán tar éis maolú riosca de réir an phriacail tubaiste de dhéantús an duine, an éifeacht éagsúlúcháin idir fophriacail á cur san áireamh. De réir priacal de dhéantús an duine, tá an méid seo cothrom leis an Muirear Riosca Tubaiste tar éis maolú riosca.
C0030/R0160	SCR tar éis maolú riosca — Éagsúlú idir priacail	Éifeacht éagsúlúcháin a eascraíonn as comhiomlánú na muirear caipitil iomlán tar éis maolú riosca a bhaineann le priacail éagsúla tubaiste de dhéantús an duine.

C0010/R0170	SCR roimh mhaolú riosca — Riosca tubaiste neamhshaoil eile	Is é seo an riosca tubaiste iomlán roimh mhaolú riosca a eascraíonn as na priacail tubaiste “neamhshaoil eile” uile agus an éifeacht éagsúlúcháin idir priacail a thugtar in C0010/R0180 á cur san áireamh.
C0010/R0180	SCR roimh mhaolú riosca — Éagsúlú idir priacail	Éifeacht éagsúlúcháin a eascraíonn as comhiomlánú na muirear caipitil iomlán roimh mhaolú riosca a bhaineann le priacail éagsúla tubaiste “neamhshaoil eile”.
C0020/R0170	Maolú riosca iomlán — Riosca tubaiste neamhshaoil eile	Is é seo éifeacht iomlán maolúcháin riosca chonarthaí athárachais agus mheáin shainchuspóireacha shonracha an ghrúpa a eascraíonn as na priacail tubaiste “neamhshaoil eile” uile agus an éifeacht éagsúlúcháin idir priacail a thugtar in C0020/R0180 á cur san áireamh.
C0020/R0180	Maolú riosca iomlán — Éagsúlú idir priacail	Éifeacht éagsúlúcháin a eascraíonn as comhiomlánú éifeacht maolúcháin riosca chonarthaí athárachais agus mheáin shainchuspóireacha shonracha an ghrúpa a bhaineann le priacail éagsúla tubaiste “neamhshaoil eile”.
C0030/R0170	SCR tar éis maolú riosca — Riosca tubaiste neamhshaoil eile	Is é seo an riosca tubaiste iomlán tar éis maolú riosca a eascraíonn as na priacail tubaiste “neamhshaoil eile” uile agus an éifeacht éagsúlúcháin idir priacail a thugtar in C0030/R0180 á cur san áireamh.
C0030/R0180	SCR tar éis maolú riosca — Éagsúlú idir priacail	Éifeacht éagsúlúcháin a eascraíonn as comhiomlánú na muirear caipitil iomlán tar éis maolú riosca a bhaineann le priacail éagsúla tubaiste “neamhshaoil eile”.
C0010/R0190	SCR roimh mhaolú riosca — Riosca tubaiste neamhshaoil iomlán roimh éagsúlú	Is é seo an riosca tubaiste iomlán roimh mhaolú riosca a eascraíonn as na fomhodúil uile (Tubaiste nádúrtha, Athárachas neamhréireach réadmhaoine, Rioscaí tubaiste de dhéantús an duine agus Rioscaí tubaiste “neamhshaoil eile”) roimh an éifeacht éagsúlúcháin idir na fomhodúil.
C0010/R0200	SCR roimh mhaolú riosca — Éagsúlú idir fomhodúil	Éifeacht éagsúlúcháin a eascraíonn as comhiomlánú na muirear caipitil iomlán roimh mhaolú riosca a bhaineann le fomhodúil eile (Tubaiste nádúrtha, Athárachas neamhréireach réadmhaoine, Rioscaí tubaiste de dhéantús an duine agus Riosca tubaiste “neamhshaoil eile”).
C0010/R0210	SCR roimh mhaolú riosca — Riosca tubaiste neamhshaoil iomlán tar éis éagsúlú	Is é seo an riosca tubaiste iomlán roimh mhaolú riosca a eascraíonn as na fomhodúil uile (Tubaiste nádúrtha, Athárachas neamhréireach réadmhaoine, Rioscaí tubaiste de dhéantús an duine agus Rioscaí tubaiste “neamhshaoil eile”), agus an éifeacht éagsúlúcháin idir na fomhodúil a thugtar in C0010/R0200 á cur san áireamh.
C0020/R0190	Maolú riosca iomlán — Riosca tubaiste neamhshaoil iomlán roimh éagsúlú	Is é seo éifeacht iomlán maolúcháin riosca chonarthaí athárachais agus mheáin shainchuspóireacha shonracha an ghrúpa a eascraíonn as na fomhodúil uile (Tubaiste nádúrtha, Athárachas neamhréireach réadmhaoine, Rioscaí tubaiste de dhéantús an duine agus Rioscaí tubaiste “neamhshaoil eile”) roimh an éifeacht éagsúlúcháin idir na fomhodúil.

C0020/R0200	Maolú riosca iomlán — Éagsúlú idir fomhodúil	Éifeacht éagsúlúcháin a eascraíonn as comhiomlánú éifeacht maolúcháin riosca chonarthaí athárachais agus mheáin shainchuspóireacha shonracha an ghrúpa a bhaineann le fomhodúil éagsúla (Tubaiste nádúrtha, Athárachas neamhréireach réadmhaoine, Rioscaí tubaiste de dhéantús an duine agus Rioscaí tubaiste "neamhshaoil eile").
C0020/R0210	Maolú riosca iomlán — Riosca tubaiste neamhshaoil iomlán tar éis éagsúlú	Is é seo éifeacht iomlán maolúcháin riosca chonarthaí athárachais agus mheáin shainchuspóireacha shonracha an ghrúpa a eascraíonn as na fomhodúil uile (Tubaiste nádúrtha, Athárachas neamhréireach réadmhaoine, Rioscaí tubaiste de dhéantús an duine agus Rioscaí tubaiste "neamhshaoil eile"), an éifeacht éagsúlúcháin idir na fomhodúil a thugtar in C0020/R0200 á cur san áireamh.
C0030/R0190	SCR tar éis maolú riosca — Riosca tubaiste neamhshaoil iomlán roimh éagsúlú	Is é seo an riosca tubaiste iomlán tar éis maolú riosca a eascraíonn as na fomhodúil uile (Tubaiste nádúrtha, Athárachas neamhréireach réadmhaoine, Rioscaí tubaiste de dhéantús an duine agus Rioscaí tubaiste "neamhshaoil eile") roimh an éifeacht éagsúlúcháin idir na fomhodúil.
C0030/R0200	SCR tar éis maolú riosca — Éagsúlú idir fomhodúil	Éifeacht éagsúlúcháin a eascraíonn as comhiomlánú na muirear caipitil iomlán tar éis maolú riosca a bhaineann le fomhodúil eile (Tubaiste nádúrtha, Athárachas réadmhaoine neamhréireach, Rioscaí tubaiste de dhéantús an duine agus Riosca tubaiste "neamhshaoil eile").
C0030/R0210	SCR tar éis maolú riosca — Riosca tubaiste neamhshaoil iomlán tar éis éagsúlú	Is é seo an riosca tubaiste iomlán tar éis maolú riosca a eascraíonn as na fomhodúil uile (Tubaiste nádúrtha, Athárachas neamhréireach réadmhaoine, Rioscaí tubaiste de dhéantús an duine agus Rioscaí tubaiste "neamhshaoil eile"), agus an éifeacht éagsúlúcháin idir na fomhodúil a thugtar i mír C0030/R0200 á cur san áireamh.
Riosca tubaiste sláinte — Achoimre		
C0010/R0300	SCR roimh mhaolú riosca — Riosca tubaiste sláinte	Is é seo an riosca tubaiste iomlán roimh mhaolú riosca a eascraíonn as na fomhodúil riosca tubaiste sláinte uile agus an éifeacht éagsúlúcháin idir na fomhodúil a thugtar in C0010/R0340 á cur san áireamh.
C0010/R0310–R0330	SCR roimh mhaolú riosca — Fomhodúil riosca tubaiste sláinte	Is é seo an ceanglas caipitil iomlán roimh mhaolú riosca de réir na bhfomhodúl riosca tubaiste sláinte, an éifeacht éagsúlúcháin idir na tíortha á cur san áireamh. De réir fomhodúl riosca tubaiste sláinte, tá an méid seo cothrom leis an Muirear Riosca Tubaiste roimh mhaolú riosca.

C0010/R0340	SCR roimh mhaolú riosca — Éagsúlú idir fomhodúil	Éifeacht éagsúlúcháin a eascraíonn as comhiomlánú na muirear caipitil iomlán roimh mhaolú riosca a bhaineann le fomhodúil éagsúla riosca tubaiste sláinte.
C0020/R0300	Maolú riosca iomlán — Riosca tubaiste sláinte	Is é seo éifeacht iomlán maolúcháin riosca chonarthaí athárachais agus mheáin shainchuspóireacha shonracha an ghrúpa a eascraíonn as na fomhodúil riosca tubaiste sláinte uile agus an éifeacht éagsúlúcháin idir na fomhodúil a thugtar in C0020/R0340 á cur san áireamh.
C0020/R0310–R0330	Maolú riosca iomlán — Fomhodúil riosca tubaiste sláinte	Is é seo éifeacht iomlán maolúcháin riosca chonarthaí athárachais agus mheáin shainchuspóireacha shonracha an ghrúpa in aghaidh an fhomhodúil riosca tubaiste sláinte.
C0020/R0340	Maolú riosca iomlán — Éagsúlú idir fomhodúil	Éifeacht éagsúlúcháin a eascraíonn as comhiomlánú éifeacht maolúcháin riosca chonarthaí athárachais agus mheáin shainchuspóireacha shonracha an ghrúpa a bhaineann le fomhodúil éagsúla riosca tubaiste sláinte.
C0030/R0300	Maolú riosca tar éis SCR — Riosca tubaiste sláinte	Is é seo an riosca tubaiste iomlán tar éis maolú riosca a eascraíonn as na fomhodúil riosca tubaiste sláinte uile agus an éifeacht éagsúlúcháin idir na fomhodúil a thugtar in C0030/R0340 á cur san áireamh.
C0030/R0310–R0330	Maolú riosca tar éis SCR — Fomhodúil riosca tubaiste sláinte	Is é seo an ceanglas caipitil iomlán tar éis riosca in aghaidh an fhomhodúil riosca tubaiste sláinte, an éifeacht éagsúlúcháin idir tíortha á cur san áireamh. De réir fomhodúl riosca tubaiste sláinte, tá an méid seo cothrom leis an Muirear Riosca Tubaiste tar éis maolú riosca.
C0030/R0340	SCR tar éis maolú riosca — Éagsúlú idir fomhodúil	Éifeacht éagsúlúcháin a eascraíonn as comhiomlánú na muirear caipitil iomlán tar éis maolú riosca a bhaineann le fomhodúil éagsúla riosca tubaiste sláinte.
Riosca tubaiste neamhshaoil		
Riosca tubaiste nádúrtha — Stoirm ghaoithe		

C0040/R0610–R0780	Measachán ar an bpréimh chomhlán atá le tuilleamh — Réigiúin Eile	Measachán ar na préimheanna atá le tuilleamh ag an ngrúpa árachais nó athárachais, le linn na bliana dár gcionn i ndáil leis na 14 réigiún seachas na réigiúin shonraithe (cuir réigiúin san áireamh de réir mar a shonraítear in Iarscríbhinn III, seachas na cinn a shonraítear in Iarscríbhinn V nó in Iarscríbhinn XIII de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35), le haghaidh an chonartha i ndáil le hoibleagáidí réimeanna gnó dóiteáin agus damáiste eile lena gcumhdaítear riosca stoirme gaoithe, lena n-áirítear oibleagáidí athárachais chomhréirigh agus árachas muirí, eitlíochta agus iompair lena gcumhdaítear damáiste do réadmhaoin ar tír de bharr stoirm ghaoithe, lena n-áirítear na hoibleagáidí athárachais chomhréirigh. Beidh na préimheanna comhlán, gan asbhaint préimheanna i gcás conarthaí athárachais.
C0040/R0790	Measachán ar an bpréimh chomhlán atá le tuilleamh — Stoirm Ghaoithe iomlán, Réigiúin Eile, roimh éagsúluithe	Iomlán an mheastacháin ar na préimheanna atá le tuilleamh ag an ngrúpa árachais nó athárachais roimh éagsúlú, le linn na bliana dár gcionn i gcás na 14 réigiún eile seachas na réigiúin shonraithe.
C0050/R0400–R0590	Neamhchosaint — Réigiún sonraithe	Suim an iomláin faoi árachais in aghaidh gach ceann de na 23 réigiún shonraithe le haghaidh réimeanna gnó: Dóiteán agus damáiste eile, lena n-áirítear na hoibleagáidí athárachais chomhréirigh, i ndáil le conarthaí lena gcumhdaítear riosca stoirme gaoithe agus i gcás ina mbíonn an riosca lonnaithe sa réigiún sonraithe faoi leith seo; agus Árachas muirí, eitlíochta agus iompair, lena n-áirítear na hoibleagáidí athárachais chomhréirigh, i ndáil le conarthaí lena gcumhdaítear damáiste do réadmhaoin ar tír de bharr stoirm ghaoithe agus i gcás ina mbíonn an riosca lonnaithe sa réigiún sonraithe faoi leith seo.
C0050/R0600	Neamhchosaint — Iomlán na Réigiún sonraithe Stoirme Gaoithe roimh éagsúlú	Iomlán na neamhchosaintí roimh éagsúlú i gcás na 23 réigiún shonraithe.
C0060/R0400–R0590	Caillteanas Comhlán sonraithe — Réigiún sonraithe	Caillteanas comhlán sonraithe stoirme gaoithe i gcás gach ceann de na 23 réigiún shonraithe, an éifeacht éagsúlúcháin idir criosanna á cur san áireamh.
C0060/R0600	Caillteanas Comhlán sonraithe — Iomlán na Réigiún sonraithe Stoirme Gaoithe roimh éagsúlú	Iomlán an chaillteanais chomhláin shonraithe roimh éagsúlú i gcás na 23 réigiún shonraithe.
C0070/R0400–R0590	Fachtóir Muirir Riosca Tubaiste roimh mhaolú riosca — Réigiún sonraithe	An fachtóir muirir riosca in aghaidh gach ceann de na 23 réigiún shonraithe i gcás stoirme gaoithe, an éifeacht éagsúlúcháin idir criosanna á cur san áireamh.
C0070/R0600	Fachtóir Muirir Riosca Tubaiste roimh mhaolú riosca — Iomlán na Réigiún sonraithe Stoirme Gaoithe roimh éagsúlú	Cóimheas idir caillteanas comhlán sonraithe iomlán agus neamhchosaint iomlán.
C0080/R0400–R0590	Cás A nó B — Réigiún sonraithe	An ceanglas caipitil is mó le haghaidh riosca stoirme gaoithe le haghaidh gach ceann de na 23 réigiún shonraithe de réir chás A nó chás B. Nuair a chinntear an méid is mó de chás A agus B, cuirfear san áireamh éifeacht maolúcháin riosca chonarthaí athárachais agus mheáin shainchuspóireacha shonracha an ghrúpa a bhaineann leis an bpriacal seo.

C0090/R0400–R0590	Muirear Riosca Tubaiste roimh mhaolú riosca — Réigiún sonraithe	An ceanglas caipitil roimh mhaolú riosca a eascraíonn as Stoirm Ghaoithe le haghaidh gach ceann de na 23 Réigiún shonraithe a chomhfhreagraíonn don cheann is mó idir cás A agus cás B.
C0090/R0600	Muirear Riosca Tubaiste roimh mhaolú riosca — Iomlán na Réigiún sonraithe Stoirme Gaoithe roimh éagsúlú	Iomlán an cheanglais caipitil roimh mhaolú riosca a eascraíonn as Stoirm Ghaoithe le haghaidh na 23 réigiún shonraithe.
C0090/R0790	Muirear Riosca Tubaiste roimh mhaolú riosca — Iomlán na Réigiún Eile Stoirme Gaoithe roimh éagsúluithe	An ceanglas caipitil roimh mhaolú riosca le haghaidh Riosca stoirme gaoithe i réigiúin seachas na Réigiúin shonraithe. Is é atá ann méid an chaillteanais láithrigh, gan asbhaint na méideanna in-aisghabhála ó na conarthaí athárachais agus na Meáin Shainchuspóireacha.
C0090/R0800	Muirear Riosca Tubaiste roimh mhaolú riosca — Iomlán na Réigiún Stoirme Gaoithe uile roimh éagsúlú	Iomlán an cheanglais caipitil roimh mhaolú riosca a eascraíonn as Stoirm Ghaoithe le haghaidh na réigiún uile.
C0090/R0810	Muirear Riosca Tubaiste roimh mhaolú riosca — Éifeacht éagsúlúcháin idir réigiúin	Éifeacht éagsúlúcháin a eascraíonn as carnadh na Rioscaí stoirme gaoithe a bhaineann leis na réigiúin éagsúla (idir Réigiúin shonraithe agus “réigiúin eile”)
C0090/R0820	Muirear Riosca Tubaiste roimh mhaolú riosca — Iomlán Stoirme Gaoithe tar éis éagsúlú	Is é seo an ceanglas caipitil iomlán roimh mhaolú riosca le haghaidh Riosca stoirme gaoithe, an éifeacht éagsúlúcháin a thuairiscítear i mír C0090/R0810 á cur san áireamh.

C0100/R0400–R0590	Maolú riosca measta — Réigiún sonraithe	De réir gach ceann de na 23 Réigiún shonraithe, an éifeacht maolúcháin riosca mheasta, a chomhfhreagraíonn don chás roghnaithe, de chonarthaí athárachais agus meáin shainchuspóireacha shonracha an ghrúpa a bhaineann leis an bpriacal seo, seachas na préimheanna aischurtha measta.
C0100/R0600	Maolú Riosca Measta — Iomlán na Réigiún sonraithe Stoirme Gaoithe roimh éagsúlú	Iomlán an mhaolaithe mheasta riosca a eascraíonn as Stoirm Ghaoithe le haghaidh na 23 réigiún shonraithe.
C0100/R0790	Maolú Riosca Measta — Iomlán na Réigiún Eile Stoirme Gaoithe roimh éagsúluithe	I gcás na réigiún uile seachas na Réigiúin shonraithe, an éifeacht maolúcháin riosca mheasta de chonarthaí athárachais agus meáin shainchuspóireacha shonracha an ghrúpa a bhaineann leis an bpriacal seo, seachas na préimheanna aischurtha measta.
C0100/R0800	Maolú Riosca Measta — Iomlán na Réigiún uile Stoirme Gaoithe roimh éagsúlú	Iomlán an mhaolaithe mheasta riosca a eascraíonn as Stoirm Ghaoithe le haghaidh na réigiún uile.
C0110/R0400–R0590	Préimheanna Aischurtha Measta — Réigiún sonraithe	I gcás gach ceann de na 23 Réigiún shonraithe, na préimheanna aischurtha measta, a chomhfhreagraíonn don chás roghnaithe, de thoradh ar chonarthaí athárachais agus meáin shainchuspóireacha shonracha an ghrúpa a bhaineann leis an bpriacal seo.
C0110/R0600	Préimheanna Aischurtha Measta — Iomlán na Réigiún sonraithe Stoirme Gaoithe roimh éagsúlú	Iomlán na bpréimheanna aischurtha measta le haghaidh na 23 réigiún shonraithe.
C0110/R0790	Préimheanna Aischurtha Measta — Iomlán na Réigiún Stoirme Gaoithe Eile roimh éagsúluithe	I gcás na réigiún uile seachas na Réigiúin shonraithe, na préimheanna aischurtha measta, de thoradh chonarthaí athárachais agus mheáin shainchuspóireacha shonracha an ghrúpa a bhaineann leis an bpriacal seo.
C0110/R0800	Préimheanna Aischurtha Measta — Iomlán na Réigiún Stoirme Gaoithe uile roimh éagsúlú	Iomlán na bpréimheanna aischurtha measta le haghaidh na réigiún uile.
C0120/R0400–R0590	Muirear Riosca Tubaiste tar éis maolú riosca — Réigiún sonraithe	Ceanglas caipitil, tar éis asbhaint éifeacht maolaithe riosca chonarthaí athárachais agus mheáin shainchuspóireacha shonracha an ghrúpa a bhaineann leis an bpriacal seo, a eascraíonn as Stoirmeacha Gaoithe i ngach ceann de na réigiúin shonraithe, a chomhfhreagraíonn don chás roghnaithe.

C0120/R0600	Muirear Riosca Tubaiste tar éis maolú riosca — Iomlán na Réigiún sonraithe Stoirme Gaoithe roimh éagsúlú	Iomlán an cheanglais caipitil, tar éis asbhaint éifeacht maolaithe riosca chonarthaí athárachais agus mheáin shainchuspóireacha shonracha an ghrúpa le haghaidh na 23 réigiún shonraithe.
C0120/R0790	Muirear Riosca Tubaiste tar éis maolú riosca — Iomlán na Réigiún Eile Stoirme Gaoithe roimh éagsúluithe	Ceanglas caipitil tar éis maolú riosca le haghaidh Riosca stoirme gaoithe i réigiúin seachas na Réigiúin shonraithe. Is é atá ann méid an chaillteanais láithrigh, lena n-áirítear asbhaint na méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais agus Meáin Shainchuspóireacha.
C0120/R0800	Muirear Riosca Tubaiste tar éis maolú riosca — Iomlán na Réigiún Stoirme Gaoithe uile roimh éagsúlú	Iomlán an cheanglais caipitil, tar éis asbhaint éifeacht maolaithe riosca chonarthaí athárachais agus mheáin shainchuspóireacha shonracha an ghrúpa i gcás na réigiún uile.
C0120/R0810	Muirear Riosca Tubaiste tar éis maolú riosca — Éifeacht éagsúlúcháin idir réigiúin	Éifeacht éagsúlúcháin a eascraíonn as carnadh an cheanglais caipitil tar éis maoluithe riosca le haghaidh Rioscaí stoirme gaoithe a bhaineann leis na réigiúin éagsúla (idir Réigiúin shonraithe agus “réigiúin eile”).
C0120/R0820	Muirear Riosca Tubaiste tar éis maolú riosca — Stoirm Ghaoithe Iomlán tar éis éagsúlú	Is é seo an ceanglas caipitil iomlán tar éis maolú riosca le haghaidh Riosca stoirme gaoithe, an éifeacht éagsúlúcháin a thuairiscítear i mír C0120/R0810 á cur san áireamh.
Riosca tubaiste nádúrtha — Crith talún		
C0130/R1040–R1210	Meastachán ar an bpréimh chomhlán atá le tuilleamh — Réigiúin Eile	Meastachán ar na préimheanna atá le tuilleamh ag an ngrúpa árachais nó athárachais, le linn na bliana dár gcionn agus i ndáil le gach ceann de na 14 réigiún seachas na Réigiúin shonraithe (cuir réigiúin san áireamh de réir mar a shonraítear in Iarscríbhinn III, seachas na cinn a shonraítear in Iarscríbhinn V nó in Iarscríbhinn XIII de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35), le haghaidh an chonartha i ndáil le hoibleagáidí réimeanna gnó: Dóiteán agus damáiste eile lena n-áirítear riosca creatha talún, lena n-áirítear na hoibleagáidí athárachais chomhréirigh; agus Árachas muirí, eitlíochta agus iompair, lena gcumhdaítear damáiste do réadmhaoin ar tír de bharr crith talún, lena n-áirítear na hoibleagáidí athárachais chomhréirigh. Beidh na préimheanna comhlán, gan asbhaint préimheanna i gcás conarthaí athárachais.

C0130/R1220	Meastachán ar an bpréimh chomhlán atá le tuilleamh — Crith Talún Iomlán, Réigiúin Eile, roimh éagsúlú	Iomlán an mheastacháin ar na préimheanna atá le tuilleamh ag an ngrúpa árachais nó athárachais, le linn na bliana dár gcionn le haghaidh na réigiún eile.
C0140/R0830–R1020	Neamhchosaint — Réigiún sonraithe	Suim an iomláin faoi árachais in aghaidh gach ceann den 20 réigiún sonraithe le haghaidh na réimeanna gnó: Dóiteán agus damáiste eile, lena n-áirítear na hoibleagáidí athárachais chomhréirigh, i ndáil le conarthaí lena gcumhdaítear riosca Creatha talún agus i gcás ina mbíonn an riosca lonnaithe sa réigiún sonraithe faoi leith seo; agus Maidir le réimeanna gnó, árachas muirí, eitlíochta agus iompair, lena n-áirítear na hoibleagáidí athárachais chomhréirigh, i ndáil le conarthaí lena gcumhdaítear damáiste do réadmhaoin ar tír de bharr crith talún agus i gcás ina mbíonn an riosca lonnaithe sa réigiún sonraithe faoi leith seo.
C0140/R1030	Neamhchosaint — Iomlán na Réigiún sonraithe Creatha Talún roimh éagsúlú	Iomlán na neamhchosanta i gcás an 20 réigiún sonraithe.
C0150/R0830–R1020	Caillteanas Comhlán sonraithe — Réigiún sonraithe	Caillteanas comhlán sonraithe Creatha talún i gcás gach ceann den 20 réigiún sonraithe, an éifeacht éagsúlúcháin idir criosanna á cur san áireamh.
C0150/R1030	Caillteanas Comhlán sonraithe — Iomlán na Réigiún sonraithe Creatha Talún roimh éagsúlú	Iomlán an chaillteanais chomhláin shonraithe Creatha Talún i gcás an 20 réigiún sonraithe.
C0160/R0830–R1020	Fachtóir Muirir Riosca Tubaiste roimh mhaolú riosca — Réigiún sonraithe	An Fachtóir Muirir Riosca in aghaidh gach ceann den 20 réigiún sonraithe i gcás Creatha Talún de réir na Foirmle Caighdeánaí, an éifeacht éagsúlúcháin idir criosanna á cur san áireamh.
C0160/R1030	Fachtóir Muirir Riosca Tubaiste roimh mhaolú riosca — Iomlán na Réigiún sonraithe Creatha Talún roimh éagsúlú	Cóimheas idir caillteanas comhlán sonraithe iomlán agus neamhchosaint iomlán.
C0170/R0830–R1020	Muirear Riosca Tubaiste roimh mhaolú riosca — Réigiún sonraithe	Ceanglas caipitil roimh mhaolú riosca a eascraíonn as Creathanna Talún i ngach ceann den 20 réigiún sonraithe.

C0170/R1030	Muirear Riosca Tubaiste roimh mhaolú riosca — Iomlán na Réigiún sonraithe Creatha Talún roimh éagsúlú	Iomlán an cheanglais caipitil roimh mhaolú riosca a eascraíonn as Creathanna Talún le haghaidh an 20 réigiún sonraithe.
C0170/R1220	Muirear Riosca Tubaiste roimh mhaolú riosca — Iomlán na Réigiún eile Creatha Talún roimh éagsúlú	An ceanglas caipitil roimh mhaolú riosca le haghaidh riosca Creatha Talún i réigiúin seachas na Réigiúin shonraithe. Is é atá ann méid an chaillteanais láithrigh, gan asbhaint na méideanna in-aisghabhála ó na conarthaí athárachais agus na Meáin Shainchuspóireacha.
C0170/R1230	Muirear Riosca Tubaiste roimh mhaolú riosca — Iomlán na Réigiún Creatha Talún uile roimh éagsúlú	Iomlán an cheanglais caipitil roimh mhaolú riosca a eascraíonn as Creathanna Talún le haghaidh na réigiún uile.
C0170/R1240	Muirear Riosca Tubaiste roimh mhaolú riosca — Éifeacht éagsúlúcháin idir réigiúin	Éifeacht éagsúlúcháin a eascraíonn as carnadh na rioscaí Creatha Talún a bhaineann leis na réigiúin éagsúla (idir Réigiúin shonraithe agus “réigiúin Eile”)
C0170/R1250	Muirear Riosca Tubaiste roimh mhaolú riosca — Iomlán Creatha Talún tar éis éagsúlú	Is é seo an ceanglas caipitil iomlán roimh mhaolú riosca le haghaidh riosca Creatha Talún, an éifeacht éagsúlúcháin a thuairiscítear i mír C0170/R1240 á cur san áireamh.
C0180/R0830–R1020	Maolú riosca measta — Réigiún sonraithe	De réir gach ceann den 20 Réigiún sonraithe, an éifeacht maolúcháin riosca mheasta de chonarthaí athárachais agus meáin shainchuspóireacha shonracha an ghrúpa a bhaineann leis an bpriacal seo, seachas na préimheanna aischurtha measta.
C0180/R1030	Maolú Riosca Measta — Iomlán na Réigiún sonraithe Creatha Talún roimh éagsúlú	Iomlán an Mhaolaithe mheasta Riosca le haghaidh an 20 réigiún sonraithe.
C0180/R1220	Maolú Riosca Measta — Iomlán Creatha Talún — Réigiúin Eile roimh éagsúlú	I gcás na réigiún uile seachas na Réigiúin shonraithe, an éifeacht maolúcháin riosca mheasta de chonarthaí athárachais agus meáin shainchuspóireacha shonracha an ghrúpa a bhaineann leis an bpriacal seo, seachas na préimheanna aischurtha measta.
C0180/R1230	Maolú Riosca Measta — Iomlán Creatha Talún — Réigiúin uile roimh éagsúlú	Iomlán an Mhaolaithe mheasta Riosca le haghaidh na réigiún uile.

C0190/R0830–R1020	Préimheanna Aischurtha Measta — Réigiún sonraithe	In aghaidh gach ceann den 20 Réigiún sonraithe, na préimheanna aischurtha measta de thoradh chonarthaí athárachais agus meáin shainchuspóireacha shonracha an ghrúpa a bhaineann leis an bpriacal seo.
C0190/R1030	Préimheanna Aischurtha Measta — Iomlán na Réigiún sonraithe Creatha Talún roimh éagsúlú	Iomlán na bpréimheanna aischurtha measta le haghaidh an 20 réigiún sonraithe.
C0190/R1220	Préimheanna Aischurtha Measta — Iomlán Creatha Talún — Réigiúin Eile roimh éagsúlú	I gcás na réigiún uile seachas na Réigiúin shonraithe, na préimheanna aischurtha measta, de thoradh chonarthaí athárachais agus mheáin shainchuspóireacha shonracha an ghrúpa a bhaineann leis an bpriacal seo.
C0190/R1230	Préimheanna Aischurtha Measta — Iomlán Creatha Talún — Réigiúin uile roimh éagsúlú	Iomlán na bpréimheanna aischurtha measta le haghaidh na réigiún uile.
C0200/R0830–R1020	Muirear Riosca Tubaiste tar éis maolú riosca — Réigiún sonraithe	Ceanglas caipitil, tar éis asbhaint éifeacht maolaithe riosca chonarthaí athárachais agus mheáin shainchuspóireacha shonracha an ghrúpa a bhaineann leis an bpriacal seo, a eascraíonn as Creath Talún i ngach ceann den 20 réigiún sonraithe.
C0200/R1030	Muirear Riosca Tubaiste tar éis maolú riosca — Iomlán na Réigiún sonraithe Creatha Talún roimh éagsúlú	Iomlán an cheanglais caipitil, tar éis asbhaint éifeacht maolaithe riosca chonarthaí athárachais agus mheáin shainchuspóireacha shonracha an ghrúpa a bhaineann leis an bpriacal seo, a eascraíonn as Creath Talún le haghaidh an 20 réigiún sonraithe.
C0200/R1220	Muirear Riosca Tubaiste tar éis maolú riosca — Iomlán Creatha Talún — Réigiún eile roimh éagsúlú	Ceanglas caipitil tar éis maolú riosca le haghaidh riosca Creatha Talún i réigiúin seachas na Réigiúin shonraithe. Is é atá ann méid an chaillteanais láithrigh, lena n-áirítear asbhaint na méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais agus Meáin Shainchuspóireacha.

C0200/R1230	Muirear Riosca Tubaiste tar éis maolú riosca — Iomlán Creatha Talún — Réigiún uile roimh éagsúlú	Iomlán an cheanglais caipitil, tar éis asbhaint éifeacht maolaithe riosca chonarthaí athárachais agus mheáin shainchuspóireacha shonracha an ghrúpa a bhaineann leis an bpriacal seo, a eascraíonn as Crith Talún le haghaidh na réigiún uile.
C0200/R1240	Muirear Riosca Tubaiste tar éis maolú riosca — Éifeacht éagsúlúcháin idir réigiúin	Éifeacht éagsúlúcháin a eascraíonn as carnadh an cheanglais caipitil tar éis maoluithe riosca le haghaidh rioscaí Creatha Talún a bhaineann leis na réigiúin éagsúla (idir Réigiúin shonraithe agus Réigiúin eile).
C0200/R1250	Muirear Riosca Tubaiste tar éis maolú riosca — Iomlán Creatha Talún tar éis éagsúlú	Is é seo an ceanglas caipitil iomlán tar éis maolú riosca le haghaidh riosca Creatha Talún, an éifeacht éagsúlúcháin a thuairiscítear i mír C0200/R1240 á cur san áireamh
Riosca tubaiste nádúrtha — Tuile		
C0210/R1410–R1580	Meastachán ar na préimheanna comhlána atá le tuilleamh — Réigiúin Eile	Meastachán ar na préimheanna atá le tuilleamh ag an ngrúpa árachais nó athárachais, le linn na bliana dár gcionn agus i ndáil le gach ceann de na 14 réigiún seachas na Réigiúin shonraithe (cuir réigiúin san áireamh de réir mar a shonraítear in Iarscríbhinn III, seachas na cinn a shonraítear in Iarscríbhinn V nó in Iarscríbhinn XIII de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35), le haghaidh an chonartha i ndáil le hoibleagáidí réimeanna gnó: Dóiteán agus damáiste eile lena n-áirítear riosca tuile, lena n-áirítear na hoibleagáidí athárachais chomhréirigh; Árachas muirí, eitlíochta agus iompair, lena gcumhdaítear damáiste do réadmhaoin ar tír de bharr tuile, lena n-áirítear na hoibleagáidí athárachais chomhréirigh. Árachas mótarfheithiclí eile, lena n-áirítear na hoibleagáidí athárachais chomhréirigh. Beidh na préimheanna comhlán, gan asbhaint préimheanna i gcás conarthaí athárachais.
C0210/R1590	Meastachán ar an bpréimh chomhlán atá le tuilleamh — Tuile Iomlán, Réigiúin Eile, roimh éagsúlú	Iomlán an mheastacháin ar na préimheanna atá le tuilleamh ag an ngrúpa árachais nó athárachais, le linn na bliana dár gcionn le haghaidh na réigiún eile.
C0220/R1260–R1390	Neamhchosaint — Réigiún sonraithe	Suim an iomláin faoi árachais in aghaidh gach ceann de na 14 réigiún shonraithe de réimeanna gnó: Dóiteán agus damáiste eile, lena n-áirítear na hoibleagáidí athárachais chomhréirigh, i ndáil le conarthaí lena gcumhdaítear riosca Tuile agus i gcás ina mbíonn an riosca lonnaithe sa réigiún sonraithe faoi leith seo; Árachas muirí, eitlíochta agus iompair, lena n-áirítear na hoibleagáidí athárachais chomhréirigh, i ndáil le conarthaí lena gcumhdaítear damáiste do réadmhaoin ar tír de bharr tuile agus i gcás ina mbíonn an riosca lonnaithe sa réigiún sonraithe faoi leith seo. agus Árachas mótarfheithiclí eile, lena n-áirítear na hoibleagáidí athárachais chomhréirigh, iolraithe faoi 1,5, i ndáil le conarthaí lena gcumhdaítear damáiste do réadmhaoin ar tír de bharr tuile agus i gcás ina mbíonn an riosca lonnaithe sa réigiún sonraithe faoi leith seo.
C0220/R1400	Neamhchosaint — Iomlán na Réigiún sonraithe Tuile roimh éagsúlú	Iomlán na neamhchosanta i gcás na 14 réigiún shonraithe.
C0230/R1260–R1390	Caillteanas Comhlán sonraithe — Réigiún sonraithe	Caillteanas comhlán sonraithe Tuile i ngach ceann de na 14 réigiún shonraithe, an éifeacht éagsúlúcháin idir criosanna á cur san áireamh.

C0230/R1400	Caillteanas Comhlán sonraithe — Iomlán na Réigiún sonraithe Tuile roimh éagsúlú	Iomlán an chaillteanais chomhláin shonraithe Tuile i gcás na 14 réigiún shonraithe.
C0240/R1260–R1390	Fachtóir Muirir Riosca Tubaiste roimh mhaolú riosca — Réigiún sonraithe	An Fachtóir Muirir Riosca in aghaidh gach ceann de na 14 réigiún shonraithe i gcás Tuile de réir na Foirmle Caighdeánaí, an éifeacht éagsúlúcháin idir criosanna á cur san áireamh.
C0240/R1400	Fachtóir Muirir Riosca Tubaiste roimh mhaolú riosca — Iomlán na Réigiún sonraithe Tuile roimh éagsúlú	Cóimheas idir caillteanas comhlán sonraithe iomlán agus neamhchosaint iomlán.
C0250/R1260–R1390	Cás A nó B — Réigiún sonraithe	An ceanglas caipitil is mó le haghaidh riosca Tuile i ngach ceann de na 14 réigiún shonraithe de réir chás A nó chás B. Nuair a chinntear an méid is mó de chás A agus B, ní mór éifeacht maolúcháin riosca chonarthaí athárachais agus mheáin shainchuspóireacha shonracha an ghrúpa a bhaineann leis an bpriacal seo a chur san áireamh.
C0260/R1260–R1390	Muirear Riosca Tubaiste roimh mhaolú riosca — Réigiún sonraithe	An ceanglas caipitil roimh mhaolú riosca a eascraíonn as Tuilte i ngach ceann de na 14 Réigiún sonraithe a chomhfhreagraíonn don cheann is mó idir cás A agus cás B.
C0260/1400	Muirear Riosca Tubaiste roimh mhaolú riosca — Iomlán na Réigiún sonraithe Tuile roimh éagsúlú	Iomlán an cheanglais caipitil roimh mhaolú riosca a eascraíonn as Tuilte le haghaidh na 14 réigiún shonraithe.
C0260/R1590	Muirear Riosca Tubaiste roimh mhaolú riosca — Iomlán na Réigiún Tuile Eile roimh éagsúlú	An ceanglas caipitil roimh mhaolú riosca le haghaidh riosca Tuile i réigiúin seachas na Réigiúin shonraithe. Is é atá ann méid an chaillteanais láithrigh, gan asbhaint na méideanna in-aisghabhála ó na conarthaí athárachais agus na Meáin Shainchuspóireacha.
C0260/R1600	Muirear Riosca Tubaiste roimh mhaolú riosca — Iomlán na Réigiún Tuile Uile roimh éagsúlú	Iomlán an cheanglais caipitil roimh mhaolú riosca a eascraíonn as Tuilte le haghaidh na réigiún uile.
C0260/R1610	Muirear Riosca Tubaiste roimh mhaolú riosca — Éifeacht éagsúlúcháin idir réigiúin	Éifeacht éagsúlúcháin a eascraíonn as carnadh na rioscaí Tuile a bhaineann leis na réigiúin éagsúla (idir Réigiúin shonraithe agus Réigiúin eile).

C0260/R1620	Muirear Riosca Tubaiste roimh mhaolú riosca — Iomlán Tuile tar éis éagsúlú	Is é seo an ceanglas caipitil iomlán roimh mhaolú riosca le haghaidh riosca Tuile, an éifeacht éagsúlúcháin a thuairiscítear i mír C0260/R1610 á cur san áireamh.
C0270/R1260–R1390	Maolú Riosca Measta — Réigiún sonraithe	De réir gach ceann de na 14 Réigiún shonraithe, an éifeacht maolúcháin riosca mheasta, a chomhfhreagraíonn don chás roghnaithe, de chonarthaí athárachais agus meáin shainchuspóireacha shonracha an ghrúpa a bhaineann leis an bpriacal seo, seachas na préimheanna aischurtha measta.
C0270/R1400	Maolú Riosca Measta — Iomlán na Réigiún sonraithe Tuile roimh éagsúlú	Iomlán an Mhaolaithe mheasta Riosca le haghaidh na 14 réigiún shonraithe.
C0270/R1590	Maolú Riosca Measta — Iomlán na Réigiún Tuile Eile roimh éagsúlú	I gcás na réigiún uile seachas na Réigiúin shonraithe, an éifeacht maolúcháin riosca mheasta de chonarthaí athárachais agus meáin shainchuspóireacha shonracha an ghrúpa a bhaineann leis an bpriacal seo, seachas na préimheanna aischurtha measta.
C0270/R1600	Maolú Riosca Measta — Iomlán na Réigiún Tuile Uile roimh éagsúlú	Iomlán an Mhaolaithe mheasta Riosca le haghaidh na réigiún uile.
C0280/R1260–R1390	Préimheanna Aischurtha Measta — Réigiún sonraithe	In aghaidh gach ceann de na 14 Réigiún shonraithe, na préimheanna aischurtha measta, a chomhfhreagraíonn don chás roghnaithe, de thoradh chonarthaí athárachais agus mheáin shainchuspóireacha shonracha an ghrúpa a bhaineann leis an riosca seo.
C0280/R1400	Préimheanna Aischurtha Measta — Tuile Iomlán — Réigiún sonraithe roimh éagsúlú	Iomlán na bpréimheanna aischurtha measta le haghaidh na 14 réigiún shonraithe.
C0280/R1590	Préimheanna Aischurtha Measta — Tuile Iomlán — Réigiún Eile roimh éagsúlú	I gcás na réigiún uile seachas na Réigiúin shonraithe, na préimheanna aischurtha measta, de thoradh chonarthaí athárachais agus mheáin shainchuspóireacha shonracha an ghrúpa a bhaineann leis an bpriacal seo.
C0280/R1600	Préimheanna Aischurtha Measta — Tuile Iomlán — Iomlán na Réigiún roimh éagsúlú	Iomlán na bpréimheanna aischurtha measta le haghaidh na réigiún uile.
C0290/R1260–R1390	Muirear Riosca Tubaiste tar éis maolú riosca — Réigiún sonraithe	Ceanglas caipitil, i ndiaidh asbhaint éifeacht mhaolaitheach riosca chonarthaí athárachais agus mheáin shainchuspóireacha shonracha an ghrúpa a bhaineann leis an bpriacal seo, a eascraíonn as Tuile i ngach ceann de na 14 réigiún shonraithe, a chomhfhreagraíonn don chás roghnaithe.
C0290/R1400	Muirear Riosca Tubaiste i ndiaidh maolú riosca — Tuile Iomlán — Réigiúin shonraithe roimh éagsúlú	Iomlán an cheanglais caipitil, i ndiaidh asbhaint éifeacht mhaolaitheach riosca chonarthaí athárachais agus mheáin shainchuspóireacha shonracha an ghrúpa le haghaidh na 14 réigiún shonraithe.
C0290/R1590	Muirear Riosca Tubaiste i ndiaidh maolú riosca — Tuile Iomlán — Réigiúin eile roimh éagsúlú	Ceanglas caipitil i ndiaidh maolú riosca le haghaidh Riosca tuile i réigiúin seachas na Réigiúin shonraithe. Is é atá ann méid an chaillteanais láithrigh, lena n-áirítear asbhaint na méideanna in-aisghabhála ó chonarthaí athárachais agus Meáin Shainchuspóireacha.

C0290/R1600	Muirear Riosca Tubaiste i ndiaidh maolú riosca — Tuile Iomlán — Gach Réigiún roimh éagsúlú	Iomlán an cheanglais caipitil, i ndiaidh asbhaint éifeacht mhaolaitheach riosca chonarthaí athárachais agus mheáin shainchuspóireacha shonracha an ghrúpa sna réigiúin uile.
C1300/R3630	Muirear Riosca Tubaiste i ndiaidh maolú riosca — Iomlán Olltimpiste, gach tír, i ndiaidh éagsúlú	Is é seo an ceanglas caipitil iomlán i ndiaidh maolú riosca, le haghaidh an fhomhodúil riosca olltimpiste le hoibleagáidí árachais agus athárachais sláinte, ag cur san áireamh éifeacht an éagsúlaithe a thugtar i C1300/R3620.
Riosca tubaiste sláinte — Comhchruinniú timpistí		

C1310/R3700–R4010	An comhchruinniú timpistí is mó atá ar eolas	Beidh an comhchruinniú riosca timpistí is mó atá ar eolas de ghrúpa árachais nó athárachais, le haghaidh gach tíre, cothrom leis an líon is mó daoine a gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas ina leith: Tá árachas gortuithe tionsclaíocha nó oibleagáid athárachais nó árachas grúpa cosanta ioncaim nó oibleagáid athárachais ag an ngrúpa árachais nó athárachais i ndáil le gach duine de na daoine sin; Cumhdaítear ar a laghad ceann amháin de na teagmhais a leagtar amach sa chéad mhír eile leis na hoibleagáidí i ndáil le gach duine de na daoine sin; Tá na daoine ag obair san fhoirgneamh céanna atá lonnaithe sa tír áirithe sin. Tá na daoine sin árachaithe in aghaidh na gcineálacha teagmhas seo a leanas: Bás ar timpiste is cúis leis; Míchumas buan ar timpiste is cúis leis; Míchumas a mhaireann 10 mbliana ar timpiste is cúis leis; Míchumas a mhaireann 12 mhí ar timpiste is cúis leis; Cóir leighis ar timpiste is cúis leis.
C1320/R3700–R4010, C1330/R3700–R4010, C1350/R3700–R4010, C1360/R3700–R4010	An mheánshuim árachaithe in aghaidh an chineáil teagmhais	Meánluach na sochar is iníoctha ag gnóthais árachais agus athárachais don chomhchruinniú riosca timpistí is mó atá ar eolas.
C1370/R3700–R4010	Muirear Riosca Tubaiste roimh mhaolú riosca	Ceanglas caipitil roimh mhaolú riosca, le haghaidh gach tíre, a eascraíonn as an bhfomhodúl sláinte Comhchruinniú timpistí.
C1410	Tíortha eile atá le meas sa Chomhchruinniú timpistí	Sainaithin cód ISO do na tíortha eile atá le cur san áireamh sa Chomhchruinniú timpistí.
C1370/R4020	Muirear Riosca Tubaiste roimh mhaolú riosca — Iomlán Chomhchruinniú timpistí, gach tír, roimh éagsúlú	Is é seo an ceanglas caipitil iomlán roimh mhaolú riosca, roimh éifeacht an éagsúlaithe idir tíortha, le haghaidh an fhomhodúil sláinte Comhchruinniú timpistí.

C1370/R4030	Muirear Riosca Tubaiste roimh mhaolú riosca — Éifeacht an éagsúlaithe idir tíortha	Éifeacht an éagsúlaithe a eascraíonn as comhiomlánú an fhomhodúil sláinte Comhchruinniú timpistí a bhaineann leis na tíortha éagsúla.
C1370/R4040	Muirear Riosca Tubaiste roimh mhaolú riosca — Iomlán Chomhchruinniú timpistí, gach tír, i ndiaidh éagsúlú	Is é seo an ceanglas caipitil iomlán roimh mhaolú riosca, i ndiaidh éifeacht an éagsúlaithe idir tíortha, le haghaidh an fhomhodúil sláinte Comhchruinniú timpistí.
C1380/R3700–R4010	Maolú Riosca Measta — Tíortha	Le haghaidh gach ceann de na tíortha sainaitheanta, an éifeacht mhaolaitheach riosca mheasta de chonarthaí athárachais agus meáin shainchuspóireacha shonracha an ghrúpa a bhaineann leis an bpriacal seo, seachas na préimheanna aischurtha measta.
C1380/R4020	Maolú Riosca Measta — Iomlán Comhchruinnithe timpistí, gach tír, roimh éagsúlú	Iomlán éifeacht mhaolaitheach riosca mheasta de chonarthaí athárachais agus meáin shainchuspóireacha shonracha an ghrúpa le haghaidh gach tíre.
C1390/R3700–R4010	Préimheanna Aischurtha Measta – Tíortha	Le haghaidh gach ceann de na tíortha sainaitheanta, na préimheanna aischurtha measta de thoradh chonarthaí athárachais agus mheáin shainchuspóireacha shonracha an ghrúpa a bhaineann leis an neamhchosaint seo.
C1390/R4020	Préimheanna Aischurtha Measta — Iomlán Comhchruinnithe timpistí, gach tír, roimh éagsúlú	Iomlán na bpréimheanna aischurtha measta de thoradh chonarthaí athárachais agus mheáin shainchuspóireacha shonracha an ghrúpa le haghaidh gach tíre.
C1400/R3700–R4010	Muirear Riosca Tubaiste i ndiaidh maolú riosca — Tíortha	Ceanglas caipitil, i ndiaidh asbhaint éifeacht mhaolaitheach riosca chonarthaí athárachais agus mheáin shainchuspóireacha shonracha an ghrúpa a bhaineann leis an neamhchosaint seo, a eascraíonn as an bhfomhodúl sláinte Comhchruinniú timpistí le haghaidh gach ceann de na tíortha sainaitheanta.
C1400/R4020	Muirear Riosca Tubaiste i ndiaidh maolú riosca — Iomlán Comhchruinnithe timpistí, gach tír, roimh éagsúlú	An ceanglas caipitil iomlán i ndiaidh maolú riosca, roimh éifeacht an éagsúlaithe idir tíortha, le haghaidh an fhomhodúil sláinte Comhchruinniú timpistí.

C1400/R4030	Muirear Riosca Tubaiste i ndiaidh maolú riosca — Éifeacht an éagsúlaithe idir tíortha	Éifeacht an éagsúlaithe a eascraíonn as comhiomlánú an cheanglais caipitil i ndiaidh maoluithe riosca le haghaidh rioscaí an fhomhodúil sláinte Comhchruinniú timpistí a bhaineann leis na tíortha éagsúla.
C1400/R4040	Muirear Riosca Tubaiste i ndiaidh maolú riosca — Iomlán Comhchruinnithe timpistí, gach tír, i ndiaidh éagsúlú	Is é seo an ceanglas caipitil iomlán i ndiaidh maolú riosca le haghaidh riosca an fhomhodúil sláinte Comhchruinniú timpistí, éifeacht an éagsúlaithe a thuairiscítear i mír C1400/R4020 á cur san áireamh.
Riosca tubaiste sláinte — Paindéim		
C1440/R4100–R4410	Caiteachas leighis — an líon daoine árachaithe — Tíortha	An líon daoine árachaithe de chuid ghrúpaí árachais agus athárachais, le haghaidh gach ceann de na tíortha sainaitheanta, a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas: Cónaíonn na daoine árachaithe sa tír áirithe seo; Cumhdaítear na daoine árachaithe le hárachas caiteachas leighis nó le hoibleagáidí athárachais, seachas árachas gortuithe tionsclaíocha nó oibleagáidí athárachais lena gcumhdaítear caiteachas leighis a leanann as galar ionfhabhtaíoch. Féadfaidh na daoine árachaithe seo sochair a éileamh don úsáid chúraim sláinte seo a leanas: Cur san ospidéal; Comhairle le liachleachtóir; Gan cúram leighis foirmiúil a lorg.
C1450/R4100–R4410, C1470/R4100–R4410, C1490/R4100–R4410	Caiteachas leighis — costais aonaid éilimh in aghaidh an chineáil chúraim sláinte — Tíortha	An meastachán is fearr ar na méideanna is iníoctha, ag úsáid an réamh-mheastacháin ar shreabhadh airgid, ag grúpaí árachais agus athárachais le haghaidh duine árachaithe i ndáil le hárachas caiteachais leighis nó le hoibleagáidí athárachais, seachas árachas gortuithe tionsclaíocha nó oibleagáidí athárachais ina aghaidh an chineáil úsáide cúraim sláinte, i gcás paindéime, le haghaidh gach ceann de na tíortha sainaitheanta.
C1460/R4100–R4410, C1480/R4100–R4410, C1500/R4100–R4410	Caiteachas leighis — Cóimheas daoine árachaithe in aghaidh an chineáil cúraim sláinte — Tíortha	Cóimheas na ndaoine árachaithe a bhfuil siomptóim chliniciúla orthu atá ag úsáid an chineáil cúraim sláinte, le haghaidh gach ceann de na tíortha sainaitheanta.

C1510/R4100–R4410	Muirear Riosca Tubaiste roimh mhaolú riosca — Tíortha	Ceanglas caipitil roimh mhaolú riosca, le haghaidh gach ceann de na tíortha sainaitheanta, a eascraíonn as an bhfomhodúl sláinte Paindéim.
C1550	Tíortha eile le cur san áireamh sa Phaindéim	Sainaithin cód ISO do na tíortha eile atá le cur san áireamh sa Phaindéim.
C1420/R4420	Cosaint ioncaim — An líon daoine árachaithe — Iomlán Paindéime, gach tír	An líon iomlán daoine árachaithe le haghaidh gach tíre sainaitheanta a chumhdaítear leis na hoibleagáidí árachais nó athárachais cosanta ioncaim seachas árachas gortuithe tionsclaíocha nó oibleagáidí athárachais.
C1430/R4420	Cosaint ioncam — Neamhchosaint paindéime iomlán — Iomlán Paindéime, gach tír	An neamhchosaint paindéime iomlán maidir le cosaint ioncaim le haghaidh gach tíre sainaitheanta de ghrúpaí árachais agus athárachais. Is éard a bheidh i luach na sochar is iníoctha le haghaidh an duine árachaithe, an tsuim árachaithe nó i gcás ina ndéanann an conradh árachais foráil d'íocaíochtaí sochar athfhillteacha, an meastachán is fearr ar na híocaíochtaí sochar, ag glacadh leis go bhfuil an duine faoi mhíchumas buan agus nach mbeidh sé nó sí ag téarnamh.
C1510/R4420	Muirear Riosca Tubaiste roimh mhaolú riosca — Iomlán Paindéime, gach tír	Is é seo an ceanglas caipitil iomlán roimh mhaolú riosca le haghaidh an fhomhodúil sláinte Paindéim le haghaidh gach tíre sainaitheanta.
C1520/R4420	Maolú Riosca Measta — Iomlán Paindéime, gach tír	Éifeacht mhaolaitheach riosca mheasta iomlán chonarthaí athárachais agus mheáin shainchuspóireacha shonracha an ghrúpa a bhaineann leis an bpriacal seo, seachas na préimheanna aischurtha measta le haghaidh gach tíre sainaitheanta.
C1530/R4420	Préimheanna Aischurtha Measta – Iomlán Paindéime, gach tír	Iomlán na bpréimheanna aischurtha measta de thoradh chonarthaí athárachais agus mheáin shainchuspóireacha shonracha an ghrúpa a bhaineann leis an bpriacal seo le haghaidh gach tíre sainaitheanta.
C1540/R4420	Muirear Riosca Tubaiste i ndiaidh maolú riosca — Iomlán Paindéime, gach tír	An ceanglas caipitil iomlán i ndiaidh maolú riosca le haghaidh an fhomhodúil sláinte Paindéim le haghaidh gach tíre sainaitheanta.

S.31.01 — Sciar athárachóirí (lena n-áirítear Athárachas Finideach agus MSCanna)

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh grúpaí.

Is iad na grúpaí árachais agus athárachais a chomhlánóidh an teimpléad seo i gcás ina mbeidh méid in-aisghabhála sainaitheanta ag gnóthais árachais ghaolmhara i ndáil leis an athárachóir LEE nó neamh-LEE nach bhfuil i raon feidhme an ghrúpa (fiú amháin i gcás ina bhfuil gach conradh leis an athárachóir sin foirceanta).

Bailítear faisnéis faoi athárachóirí agus ní faoi chonarthaí ar leithligh sa teimpléad. Tabharfar na forálacha teicniúla géillte uile chun críche, lena n-áirítear na forálacha teicniúla sin a géilleadh faoi athárachas Finideach (mar a shainmhínítear in S.30.03 Colún C0060 d'Iarscríbhinn II). Ciallaíonn sin freisin, i gcás ina bhfeidhmíonn MSC nó sindeacáit de chuid Lloyd mar athárachóir, nach mór an MSC nó an tsindeacáit sin a liostú.

	ÍTIM	TREORACHA
C0010	Ainm dlíthiúil an ghnóthais athárachaithe	Ainm an eintitis athárachaithe, lena sainaithnítear an gnóthas (ath)árachais géillte. Níl an mhír seo infheidhme ach amháin maidir le grúpaí.
C0020	Cód aitheantais an ghnóthais	Cód aitheantais an ghnóthais, ina n-úsáidtear an tosaíocht seo a leanas: — Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI), éigeantach más ann dó; — Cód sonrach i gcás nach ann do chód LEI. I gcás ina n-úsáideann an gnóthas an rogha "Cód sonrach", cuirfear na nithe seo a leanas san áireamh: — Maidir le gnóthais nach bhfuil sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus gnóthais neamhrialáilte faoi raon feidhme an ghrúpa, soláthróidh an grúpa an cód aitheantais a sholáthraítear. Agus cód aitheantais á leithdháileadh ar gach gnóthas nach bhfuil sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó gach gnóthas neamhrialáilte, ba cheart dó cloí leis an bhformáid seo a leanas ar bhealach comhsheasmhach: cód aitheantais an mháthairghnóthais + cód alfa-2 ISO 3166-1 thír an ghnóthais + 5 dhigit
C0030	An cineál cóid atá ag aitheantas an ghnóthais	Cineál an chóid aitheantais a úsáidtear le haghaidh na míre "Cód aitheantais an ghnóthais". Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — LEI 2 — Cód sonrach
C0040	Cód an athárachóra	Cód aitheantais an athárachóra san ord tosaíochta seo: — Aitheantóir an Eintitis Dhlítheanaigh (LEI); — Cód sonrach atá sannta ag an ngnóthas
C0050	Cineál cóid Athárachóra	An cód a úsáidtear sa mhír "Cód an athárachóra" a shainaithint. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 — LEI 2 — Cód sonrach
C0060	Méideanna in-aisghabhála ón athárachas — Foráil phréimhe Neamhshaoil lena n-áirítear Sláinte Neamh-SLT	Méid de sciar an athárachóra sna méideanna in-aisghabhála ó athárachas (lena n-áirítear Finideach agus MSC) roimh an gcoigeartú i leith caillteanais a bhfuil coinne leo i ngeall ar mhainneachtain contrapháirtí, sa mheastachán is fearr ar na forálacha préimhe arna ríomh mar luach láithreach lena bhfuil coinne de shreabhadh airgid isteach agus amach sa todhchaí.

	ÍTIM	TREORACHA
C0070	Méideanna in-aisghabhála ón athárachas — Forálacha Éileamh Neamhshaoil lena n-áirítear Sláinte Neamh-SLT	Méid de sciar an athárachóra sna méideanna in-aisghabhála ó athárachas (lena n-áirítear Finideach agus MSC) roimh an gcoigeartú i leith caillteanais a bhfuil coinne leo i ngeall ar mhainneachtain contrapháirtí, sa mheastachán is fearr ar na forálacha éileamh.
C0080	Méideanna in-aisghabhála ón athárachas – Forálacha teicniúla Saoil, lena n-áirítear Sláinte SLT	Méid de sciar an athárachóra sna méideanna in-aisghabhála ó athárachas (lena n-áirítear Finideach agus MSC) roimh an gcoigeartú i leith caillteanais a bhfuil coinne leo i ngeall ar mhainneachtain contrapháirtí, sa mheastachán is fearr ar na forálacha teicniúla.
C0090	Coigeartú i leith caillteanais a bhfuil coinne leo i ngeall ar mhainneachtain contrapháirtí	In aghaidh an athárachóra, an coigeartú i leith caillteanais a bhfuil coinne leo i ngeall ar mhainneachtain contrapháirtí. Ríomhfar an coigeartú ar leithligh agus ní mór dó a bheith i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35. Tuairisceofar méid sin mar luach diúltach.
C0100	Méideanna in-aisghabhála ón athárachas: Méideanna in-aisghabhála iomlána ón athárachas	Toradh forálacha teicniúla géillte (i.e. éilimh + forálacha préimheanna), lena n-áirítear an coigeartú i leith caillteanais a bhfuil coinne leo i ngeall ar mhainneachtain contrapháirtí.
C0110	Glanearraí infhaighte	Na méideanna thar téarma a leanann as: éilimh arna n-íoc ag an árachóir ach nach bhfuil aisíoctha go fóill ag an athárachóir móide coimisiúin atá le híoc ag an athárachóir agus earraí infhaighte eile lúide fiachais atá dlite don athárachóir. Eisiatar taiscí airgid thirim agus measfar mar ráthaíochtaí faighte iad.
C0120	Sócmhainní arna gcur i ngeall ag an athárachóir	An méid sócmhainní arna gcur i ngeall ag an athárachóir chun riosca mainneachtana contrapháirtí an athárachóra a mhaolú.
C0130	Ráthaíochtaí airgeadais	An méid ráthaíochtaí atá faighte ag an ngnóthas ón athárachóir chun íocaíocht na ndliteanas atá dlite ag an ngnóthas a rathú (áirítear litir chreidmheasa, saoráidí iasachtaíochta geallta neamhtharraingthe).
C0140	Taiscí airgid thirim	An méid taiscí airgid thirim atá faighte ag an ngnóthas ó na hathárachóirí.
C0150	Iomlán na ráthaíochtaí atá faighte	Méid iomlán na gcineálacha ráthaíochtaí. Comhfhreagraíonn do shuim na méideanna a tuairiscíodh in C0120, C0130 agus C0140.
C0155	Airgeadra	I gcás inarb infheidhme, sainaithin cód aibítre ISO 4217 d'airgeadra na méideanna in-aisghabhála ón athárachas. Ní cheanglaítear miondealú de réir airgeadra ach amháin chun 90 % de na méideanna in-aisghabhála ón athárachas a chumhdach. Maidir leis an 10 % eile, féadtar é a ghrúpáil faoi "airgeadraí eile".
Faisnéis maidir le hathárachóirí		

	ÍTIM	TREORACHA
C0160	Cód an athárachóra	Cód aitheantais an athárachóra san ord tosaíochta seo: — Aitheantóir an Eintitis Dhlítheanaigh (LEI); — Cód sonrach atá sannta ag an ngnóthas
C0170	Cineál cóid Athárachóir	An cód a úsáidtear sa mhír “Cód an athárachóra” a shainaithint. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 — LEI 2 — Cód sonrach
C0180	Ainm dlíthiúil an athárachóra	Ainm dlíthiúil an athárachóra chuig ar aistríodh an riosca frithgheallta. Sonraítear ainm oifigiúil an athárachóra a iompraíonn an riosca sa chonradh athárachais. Ní cheadaítear ainm bróicéra athárachais a líonadh isteach. Ní cheadaítear ainm ginearálta ná ainm neamhiomlán a shonrú ach oiread, ós rud é go bhfuil cuideachtaí oibriúcháin éagsúla ag athárachóirí idirnáisiúnta a d'fhéadfadh bheith lonnaithe i dtíortha éagsúla. I gcás socruithe comhthiomsaithe, ní fhéadtar ainm an Chomhthiomsaithe (nó ainm bhainisteoir an Chomhthiomsaithe) a líonadh isteach ach amháin i gcás inar eintiteas dlítheanach é an Comhthiomsú.
C0190	An cineál athárachóra	An cineál athárachóra chuig ar aistríodh an riosca frithgheallta. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 — Árachóir Saoil díreach 2 — Árachóir Neamhshaoil díreach 3 — Árachóir Ilchodach díreach 4 — Gnóthas árachais faoi chuing 5 — Athárachóir inmheánach (gnóthas athárachais a dhíríonn go príomha ar riosca a thógáil ó ghnóthais árachais eile faoi raon feidhme na maoirseachta grúpa) 6 — Athárachóir seachtrach (gnóthas athárachais a thógann rioscaí ó ghnóthais seachas gnóthais árachais faoi raon feidhme na maoirseachta grúpa) 7 — Gnóthas athárachais faoi chuing 8 — Meán Sainchuspóireach 9 — Eintiteas comhthiomsaithe (i gcás ina bhfuil níos mó ná aon ghnóthas árachais nó athárachais amháin i gceist) 10 — Comhthiomsú Stáit

	ÍTIM	TREORACHA
C0200	An tír chónaithe	Sainaithin cód ISO 3166-1 alfa-2 na tíre ina bhfuil an t-athárachóir údaraithe/ceadúnaithe go dlíthiúil.
C0210	Measúnú creidmheasa seachtrach ag IMCS ainmnithe	An rátáil iarbhír/atá ann faoi láthair atá á breithniú ag an ngrúpa. Mura bhfuil an rátáil ar fáil, fágfar an mhír folamh agus sainaithneofar an t-athárachóir mar "9 — gan rátáil ar fáil" i gcolún C0230 (Céim cáilíochta creidmheasa). Níl an mhír seo infheidhme maidir le hathárachóirí a mbíonn rátálacha inmheánacha in úsáid ina leith ag gnóthais a úsáideann samhail inmheánach. Más rud nach é mbíonn rátáil inmheánach in úsáid ag gnóthais a úsáideann samhail inmheánach, tuairisceofar an mhír seo. I gcás ina dtuairisceofar "IMCS iolrach" in C0220, tuairiscigh an rátáil sheachtrach is ionadaíche.
C0220	Institiúid ainmnithe um measúnú creidmheasa seachtrach	Sainaithin an institiúid um measúnú creidmheasa seachtrach (IMCS) a thugann an rátáil sheachtrach in C0210, ach ainm an IMCS mar atá sé foilsithe ar shuíomh gréasáin ESMA a úsáid. I gcás rátálacha arna n-eisiúint ag fochuideachtaí de IMCS, tuairiscigh máthairchuideachta IMCS (déantar an tagairt do liosta ESMA de ghníomhaireachtaí rátála creidmheasa atá cláraithe nó deimhnithe i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le gníomhaireachtaí rátála creidmheasa). —
C0230	Céim cáilíochta creidmheasa	Sainaithin an chéim cáilíochta creidmheasa atá sannta don athárachóir. Léireofar sa chéim cáilíochta creidmheasa aon athchoigeartú ar an gcáilíocht chreidmheasa arna déanamh go hinmheánach ag an ngrúpa a úsáideann an fhoirmle chaighdeánach. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 0 – Céim cáilíochta creidmheasa 0 1 – Céim cáilíochta creidmheasa 1 2 – Céim cáilíochta creidmheasa 2 3 – Céim cáilíochta creidmheasa 3 4 – Céim cáilíochta creidmheasa 4 5 – Céim cáilíochta creidmheasa 5 6 – Céim cáilíochta creidmheasa 6 9 — Níl rátáil ar fáil
C0240	Rátáil inmheánach	Rátáil inmheánach an athárachóra le haghaidh grúpaí a úsáideann samhail inmheánach a mhéid a úsáidtear na rátálacha inmheánacha ina samhaltú inmheánach. Ní thuairisceofar an mhír seo i gcás nach bhfuil ach rátálacha seachtracha agus sin amháin in úsáid ag gnóthas a úsáideann samhail inmheánach.

S.31.02 — Meáin Shainchuspóireacha

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh grúpaí.

Tá an teimpléad seo ábhartha le haghaidh gach grúpa a aistríonn riosca(í) chuig Meán Sainchuspóireach (MSC), lena áirithiú go ndéantar nochtadh leordhóthanach i gcás ina n-úsáidtear MSCanna mar mhodhanna malartacha chun riosca a aistriú chuig conarthaí athárachais.

Baineann an teimpléad le húsáid na nithe seo a leanas:

a) MSCanna arna sainmhíniú faoi Airteagal 13 (26) agus arna n-údarú faoi Airteagal 211 (1) de Threoir 2009/138/CE;

b) MSCanna a chomhlíonann coinníollacha Airteagal 211 (3) de Threoir 2009/138/CE;

c) MSCanna arna rialú ag maoirseoirí tríú tír i gcás ina gcomhlíonann siad sin bearta coibhéiseacha leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 211 (2) de Threoir 2009/138/CE;

d) MSCanna eile, nach gcomhlíonann na coinníollacha thuas, i gcás ina n-aistrítear rioscaí faoi shocruithe le tábhacht eacnamaíoch chonradh athárachais.

Cumhdaítear sa teimpléad teicnící um maolú riosca (cibé an aithnítear nó nach n-aithnítear iad) arna ndéanamh ag an gnóthas (ath)árachais faoi raon feidhme na maoirseachta grúpa, lena nglacann MSC rioscaí ón ngnóthas faoi raon feidhme na maoirseachta grúpa trí chonradh athárachais; nó lena nglacann MSC rioscaí árachais ón ngnóthas faoi raon feidhme na maoirseachta grúpa, arna n-aistriú trí shocrú comhchosúil atá "cosúil le hathárachas".

Áireofar sa teimpléad seo sonraí faoi mheáin shainchuspóireacha a bhfuil riosca aistrithe chucu ag an ngnóthas árachais nó athárachais rannpháirteach nó ag ceann dá bhfochuideachtaí árachais nó athárachais.

	ÍTIM	TREORACHA
C0010	Ainm an gnóthais athárachaithe	Sainaithin ainm dlíthiúil an ghnóthais athárachaithe, agus an gnóthas (ath)árachais géillte faoi raon feidhme na maoirseachta grúpa á shainaithint.
C0020	Cód aitheantais an ghnóthais	Cód aitheantais san ord tosaíochta seo: — Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI), éigeantach más ann dó; — Cód sonrach i gcás nach ann do chód LEI. Cód sonrach: — I gcás gnóthais rialáilte sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch seachas gnóthas árachais agus athárachais faoi raon feidhme mhaoirseacht an ghrúpa: cód aitheantais a úsáidtear sa mhargadh áitiúil, sannta ag údarás maoirseachta inniúil an ghnóthais; — I gcás gnóthais nach bhfuil sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus gnóthais neamhrialáilte a thagann faoi raon feidhme mhaoirseacht an ghrúpa, soláthróidh an grúpa an cód aitheantais. Agus cód aitheantais á leithdháileadh ar gach gnóthas nach bhfuil sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó gach gnóthas neamhrialáilte, cloífidh an grúpa leis an bhformáid a leanas ar bhealach comhsheasmhach: cód aitheantais an mháthairghnóthais + cód alfa-2 ISO 3166-1 thír an ghnóthais + 5 dhigit

	ÍTIM	TREORACHA
C0030	Cód inmheánach MSC	Cód inmheánach curtha i leith MSC ag an ngnóthas san ord tosaíochta seo: — Aitheantóir an Eintitis Dhlítheanaigh (LEI); — Cód sonrach Beidh an cód sin uathúil i gcás gach MSC agus ní thiocfaidh aon athrú air sna tuarascálacha ina dhiaidh sin.
C0040	Cód Aitheantais nótaí MSC nó sásra maoinithe eile a eisíodh	Le haghaidh na nótaí sásra maoinithe eile a d'eisigh MSC agus atá i seilbh an ghnóthais árachais agus athárachais faoi raon feidhme na maoirseachta grúpa, sainaithin an cód aitheantais seo san ord tosaíochta seo más ann dóibh: — ISO 6166 ISIN nuair a bhíonn sé ar fáil; — Cóid "aitheanta" eile (e.g.: CUSIP, Bloomberg Ticker, Reuters RIC); — Cód atá sannta ag an ngnóthas faoi raon feidhme na maoirseachta grúpa, nuair nach mbíonn na roghanna thuasluaite ar fáil, agus nach mór dó a bheith comhsheasmhach le himeacht ama.
C0050	Cód Aitheantais Cineál na nótaí MSC nó an tsásra maoinithe eile a eisíodh	Cineál Cóid Aitheantais a úsáidtear don mhír "Cód Aitheantais Sócmhainne". Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – ISO 6166 don chód ISIN 2 – CUSIP (uimhir an Choiste um Nósanna Imeachta Uilíocha um Shainaithint Urrús sannta ag Biúró Seirbhíse CUSIP do chuideachtaí ó na Stáit Aontaithe agus ó Cheanada) 3 — SEDOL (Liosta Oifigiúil Laethúil an Stocmhalartáin le haghaidh Stocmhalartán Londain) 4 — WKN (Wertpapier Kenn-Nummer, an uimhir aitheantais alfa-uimhriúil sa Ghearmáin) 5 — Bloomberg Ticker (cód litreacha Bloomberg lena sainaithnítear urrúis cuideachta) 6 — BBGID (Aitheantas Domhanda Bloomberg) 7 — Reuters RIC (Cód ionstraime Reuters) 8 — FIGI (Aitheantóir Domhanda Ionstraime Airgeadais) 9 — Cód eile le comhaltaí Chumann na nGníomhaireachtaí Náisiúnta um Shannadh Uimhreacha 99 — Cód sannta ag an ngnóthas faoi raon feidhme na maoirseachta grúpa
C0060	Réimeanna gnó a bhaineann le hurrúsúchán MSC	Sainaithint na réime gnó mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, arna tuairisciú. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 — Árachas maidir le caiteachas leighis 2 — Árachas cosanta ioncaim 3 — Árachas gortuithe tionsclaíocha 4 — Árachas dliteanais mótarfheithicle 5 — Árachas mótair eile 6 — Árachas muirí, eitlíochta agus iompair 7 — Árachas dóiteáin agus árachas le haghaidh damáiste eile do mhaoin 8 — Árachas dliteanais ghinearálta

	ÍTIM	TREORACHA
		9 — Árachas creidmheasa agus urraíochta
		10 — Árachas maidir le costais dlí
		11 — Cúnamh
		12 — Caillteanas airgeadais ilghnéitheach
		13 — Athárachas comhréireach caiteachais leighis
		14 — Athárachas comhréireach cosanta ioncaim
		15 — Athárachas comhréireach um ghortuithe tionsclaíocha
		16 — Athárachas comhréireach um dhliteanas mótarfheithiclí
		17 — Athárachas mótair comhréireach eile
		18 — Athárachas comhréireach muirí, eitlíochta agus iompair
		19 — Athárachas comhréireach dóiteáin agus le haghaidh damáiste eile do mhaoin
		20 — Athárachas comhréireach dliteanais ghinearálta
		21 — Athárachas comhréireach creidmheasa agus urraíochta
		22 — Athárachas comhréireach costas dlí
		23 — Athárachas comhréireach cúnaimh
		24 — Athárachas comhréireach ilghnéitheach caillteanais airgeadais
		25 — Athárachas sláinte neamhréireach
		26 — Athárachas taisme neamhréireach
		27 — Athárachas neamhréireach muirí, eitlíochta agus iompair
		28 — Athárachas neamhréireach maoine
		29 — Árachas sláinte
		30 — Árachas le comhroinnt brabúis
		31 — árachas innéacsnasctha agus aonadnasctha
		32 — Árachas saoil eile
		33 — Blianachtaí ag eascairt as conarthaí árachais neamhshaoil agus a bhaineann le hoibleagáidí árachais sláinte
		34 — Blianachtaí ag eascairt as conarthaí árachais neamhshaoil agus a bhaineann le hoibleagáidí árachais seachas oibleagáidí árachais sláinte

	ÍTIM	TREORACHA
		35 — Athárachas sláinte 36 — Athárachas saoil 37 — Il-líne (mar a shainmhínítear anseo thíos) I gcás ina soláthraítear cumhdach le haghaidh níos mó ná aon réim ghnó amháin leis an gconradh athárachais nó le socrú comhchosúil, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, agus ina bhfuil difríocht idir na téarmaí cumhdaigh i measc réimeanna gnó, ansin is gá an conradh a shonrú thar rónna iomadúla. Is gá an chéad ró don chonradh a iontráil mar "Il-líne" lena dtugtar mionsonraí faoi théarmaí foriomlána an chonartha, agus mionsonraí faoi théarmaí aonair an chonartha athárachais maidir le gach réim ghnó ábhartha a thabhairt sna rónna ina dhiaidh sin. I gcás nach bhfuil difríocht de réir réim ghnó i dtéarmaí an chumhdaigh, ní éilítear ach an réim ghnó cheannasach.
C0070	An cineál Truicir/Truicear in MSC	Sainaithin na sásraí truicir a úsáideann MSC mar theagmhais truicir a chuirfeadh d'oibleagáid ar MSC íocaíocht a dhéanamh leis an ngnóthas (ath)árachais géillte faoi raon feidhme na maoirseachta grúpa. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 — Slánaíocht 2 — Caillteanas a Shamhaltú 3 — Innéacs nó Paraiméadrach 4 — Hibrid (lena n-áirítear comhpháirteanna ó na teicnící thuasluaite) 5 — Eile
C0080	Teagmhas Truicir Conarthach	Tuairisc ar an truicear sonrach a chuirfeadh d'oibleagáid ar MSC íocaíocht a dhéanamh leis an ngnóthas (ath)árachais géillte faoi raon feidhme na maoirseachta grúpa. Ba cheart don fhaisnéis sin a bheith comhlántach leis an bhfaisnéis faoi "An cineál Truicir/Truicear in MSC" agus ba cheart di a bheith sách tuairisciúil lena chur ar a gcumas do mhaoirseoirí an truicear coincréiteach a shainaithint, e.g. innéacsanna sonracha aimsire/stoirme le haghaidh rioscaí tubaiste nó táblaí mortlaíochta ginearálta le haghaidh rioscaí fadsaolaí.
C0090	An truicear atá mar an gcéanna leis an truicear i bpunann an árachóra ghéillte fholuitigh	Sainaithin cé acu atá nó nach bhfuil an truicear a shainmhínítear sa pholasaí (ath) árachais foluiteach ag a bhfuil an truicear um íocaíocht amach sainmhínithe sa chonradh, mar an gcéanna leis an gceann a shainmhínítear in MSC. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 — An truicear céanna 2 — Truicear difriúil
C0100	Riosca boinn a eascraíonn as struchtúr aistrithe riosca	Sainaithin cúiseanna an riosca boinn (i.e. nach gcomhfhreagraíonn an neamhchosaint a chumhdaítear leis an teicníc um maolú riosca do neamhchosaint ar riosca an ghnóthais árachais nó athárachais faoi raon feidhme na maoirseachta grúpa). Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 — Ní hann do riosca boinn 2 — Fo-ordú neamhleor le haghaidh sealbhóirí nóta, 3 — Iontaoibh bhreise infheisteoirí in aghaidh árachóirí géillte,

	ÍTIM	TREORACHA
		4 — Rinneadh rioscaí breise a urrúsú i ndiaidh údarú, 5 — Tá neamhchosaint ar nótaí eisithe ag árachóirí géillte, 9 — Eile
C0110	Riosca boinn a eascraíonn as téarmaí conarthacha	Sainaithin an riosca boinn a eascraíonn as téarmaí conarthacha. 1 — Ní hann do riosca boinn 2 — Níor aistríodh cuid shubstaintiúil de na rioscaí árachaithe 3 — Truicear neamhleor chun neamhchosaint ar riosca ar riosca an árachóra géillte a mheaitseáil
C0120	Sócmhainní MSC imfhálaithe chun oibleagáidí a bhaineann go sonrach le hárachóir géillte a shocrú	An méid sócmhainní MSC atá imfhálaithe le haghaidh an árachóra ghéillte thuairiscithe, atá ar fáil chun na dliteanais chonarthacha a shocrú atá athárachaithe ag MSC don árachóir géillte sonrach sin agus dó sin amháin (sócmhainní comhthaobhachta arna sainaithint go sonrach ar chlár comhardaithe MSC i ndáil leis an oibleagáid arna glacadh).
C0130	Sócmhainní MSC eile, nach mbaineann go sonrach le hárachóir géillte, a bhféadfaí dul ar a n-iontaoibh	Méid sócmhainní MSC (arna n-aithint ar chlár comhardaithe MSC) nach mbaineann go díreach leis an árachóir géillte tuairiscithe ach a bhféadtar dul ar a n-iontaoibh. D'áireofaí leis sin aon "sócmhainn shaor" de chuid MSC a d'fhéadfadh a bheith ar fáil chun dliteanais an árachóra ghéillte tuairiscithe a shocrú.
C0140	Iontaoibh eile a eascraíonn as urrúsúchán	Méid sócmhainní teagmhasacha MSC (arna sealbhú lasmuigh den chlár comhardaithe) nach mbaineann go díreach leis an árachóir géillte tuairiscithe ach a bhféadtar dul ar a n-iontaoibh. Áirítear leis sin iontaoibh in aghaidh chontrapháirtithe eile MSC, lena n-áirítear ráthaíochtaí, conarthaí athárachais agus gealltanais dhíorthacha le MSC arna ndéanamh ag urraitheoir MSC, sealbhóirí nóta nó tríú páirtithe eile.
C0150	Uasmhéid iomlán oibleagáidí féideartha ó MSC faoi pholasaí athárachais	Uasmhéid iomlán oibleagáidí féideartha ó chonradh athárachais (a bhaineann go sonrach le hárachóir géillte).
C0160	MSC arna chistiú go hiomlán i ndáil le hoibleagáidí árachóra ghéillte ar fud na tréimhse tuairiscithe	Sainaithin más amhlaidh nach bhféadfaí an chosaint a sholáthraítear leis an teicníc um maolú riosca a aithint ach go páirteach i gcás ina scoirfidh contrapháirtí i gconradh athárachais de bheith in ann aistriú riosca éifeachtach leanúnach a sholáthar. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 — MSC arna chistiú go hiomlán i ndáil le hoibleagáidí árachóra ghéillte 2 — MSC gan bheith cistithe go hiomlán i ndáil le hoibleagáidí árachóra ghéillte
C0170	Méideanna in-aisghabhála reatha ó MSC	Méid méideanna in-aisghabhála MSC arna n-aithint ar chlár comhardaithe Shócmhainneacht II an ghnóthais faoi raon feidhme mhaoirseacht an ghrúpa (sula ndearnadh coigeartuithe i leith caillteanais a bhfuil coinne leo i ngeall ar mhainneachtain an chontrapháirtí). Ba cheart sin a ríomh i gcomhréir le ceanglais Airteagal 41 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.

	ÍTIM	TREORACHA
C0180	Sainaithint infheistíochtaí ábhartha arna sealbhú ag an árachóir géillte in MSC	Sainaithin cé acu is ann nó nach ann d'infheistíochtaí ábhartha arna sealbhú ag an árachóir géillte in MSC, de réir Airteagal 210 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35. 1 — Neamhbhainteach 2 — Infheistíochtaí MSC arna rialú ag an árachóir géillte agus/nó urraitheoir (i gcás nach ionann é agus an t-árachóir géillte); 3 — Infheistíochtaí MSC arna sealbhú ag an árachóir géillte (gnáthscaireanna, nótaí nó fofhiach eile MSC); 4 — Díolann an t-árachóir géillte athárachas nó cosaint eile um maolú riosca le MSC; 5 — Sholáthair an t-árachóir géillte ráthaíocht nó feabhsú creidmheasa eile do MSC nó do shealbhóirí nóta; 6 — Riosca boinn leordhóthanach arna choinneáil ag an árachóir géillte; 9 — Eile. Má thuairiscítear é sin, ní mór an ionstraim a shainaithint i gcealla C0030 agus C0040.
C0190	Sócmhainní urrúsúcháin a bhaineann leis an árachóir géillte arna sealbhú ar iontaoibh le tríú páirtí eile nach é an t-árachóir géillte/an t-urraitheoir é	Sainaithin má tá sócmhainní urrúsúcháin ann a bhaineann leis an árachóir géillte arna sealbhú ar iontaoibh le tríú páirtí eile nach é an t-árachóir géillte/an t-urraitheoir é, agus forálacha Airteagail 214(2) agus 326 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 á mbreithniú. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — Arna sealbhú ar iontaoibh le tríú páirtí eile nach é an t-árachóir géillte/an t-urraitheoir é 2 — Gan bheith sealbhaithe ar iontaoibh le tríú páirtí eile nach é an t-árachóir géillte/an t-urraitheoir é
Faisnéis maidir le MSC		
C0200	Cód inmheánach MSC	Cód inmheánach a shannann an gnóthas faoi raon feidhme mhaoirseacht an ghrúpa do MSC san ord tosaíochta seo: — Aitheantóir an Eintitis Dhlítheanaigh (LEI); — Cód sonrach Cód sonrach: — I gcás gnóthais árachais agus athárachais sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus gnóthais rialáilte eile sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a thagann faoi raon feidhme mhaoirseacht an ghrúpa: cód aitheantais a úsáidtear sa mhargadh áitiúil, sannta ag údarás maoirseachta inniúil an ghnóthais;

	ÍTIM	TREORACHA
		— I gcás gnóthais nach bhfuil sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus gnóthais neamhrialáilte a thagann faoi raon feidhme mhaoirseacht an ghrúpa, soláthróidh an grúpa an cód aitheantais. Agus cód aitheantais á leithdháileadh ar gach gnóthas nach bhfuil sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó gach gnóthas neamhrialáilte, cloífidh an grúpa leis an bhformáid a leanas ar bhealach comhsheasmhach: cód aitheantais an mháthairghnóthais + cód alfa-2 ISO 3166-1 thír an ghnóthais + 5 dhigit Beidh an cód sin uathúil i gcás gach MSC agus ní thiocfaidh aon athrú air sna tuarascálacha ina dhiaidh sin.
C0210	Cineál cóid MSC	Sainaithint an chóid a úsáidtear sa mhír "Cód inmheánach MSC": Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — LEI 2 — Cód sonrach
C0220	Cineál dlíthiúil MSC	Sainaithin cineál dlíthiúil urrúsúchán MSC, de réir Airteagal 13(26) de Threoir 2009/138/CE. Liosta iata 1 — Iontaobhais 2 — Comhpháirtíochtaí 3 — Cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta 4 — Foirm eintitis dhlítheanaigh eile nach dtagraítear di thuas 5 — Neamhchorpraithe
C0230	Ainm MSC	Sainaithin ainm MSC
C0240	Uimhir chorpraithe MSC	Uimhir chlárúcháin a fuarthas ar chorprú MSC. I gcás MSCanna neamhchorpraithe, tuairisceoidh na grúpaí an uimhir rialála nó a comhionann a fuarthas ón údarás maoirseachta tráth an údaraithe.
C0250	Tír údaraithe MSC	Sainaithin cód ISO 3166-1 alfa-2 na tíre ina bhfuil MSC bunaithe agus inar údaraíodh é, i gcás inarb infheidhme.

	ÍTIM	TREORACHA
C0260	Coinníollacha údaraithe MSC	Sainaithin coinníollacha a bhaineann le húdarú MSC de réir Airteagal 211 de Threoir 2009/138/CE nó de réir ionstraim dlí chomhionann. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 — MSC údaraithe faoi Airteagal 211(1) de Threoir 2009/138/CE 2 — MSC údaraithe faoi Airteagal 211(3) de Threoir 2009/138/CE (arna marthanú) 3 — MSC rialáilte ag údarás maoirseachta tríú tír ina gcomhlíonann meán sainchuspóireach ceanglais atá comhionann leo siúd a leagtar amach in Airteagal 211 (2) de Threoir 2009/138/CE 4 — MSC nach gcumhdaítear thuas
C0270	Measúnú creidmheasa seachtrach ag IMCS ainmnithe	Measúnú creidmheasa MSC (más ann dó) a bhreithníonn an gnóthas agus a sholáthraíonn gníomhaireacht measúnaithe creidmheasa. Mura bhfuil an measúnú creidmheasa ar fáil, fágfar an mhír bán agus sainaithneofar MSC mar "9 — gan measúnú creidmheasa ar fáil" i gcolún C0290 (céim cáilíochta creidmheasa). Níl an mhír seo infheidhme maidir le MSCanna dá n-úsáideann gnóthais a úsáideann samhail inmheánach rátálacha inmheánacha. Más rud nach é mbíonn rátáil inmheánach in úsáid ag gnóthais a úsáideann samhail inmheánach, tuairisceofar an mhír seo. I gcás ina dtuairisceofar "IMCS iolrach" in C0280, tuairiscigh an rátáil sheachtrach is ionadaíche.
C0280	Institiúid ainmnithe um measúnú creidmheasa seachtrach	Sainaithin an institiúid um measúnú creidmheasa seachtrach (IMCS) a thugann an rátáil sheachtrach in C0270, ach ainm IMCS mar atá sé foilsithe ar shuíomh gréasáin ESMA a úsáid. I gcás rátálacha arna n-eisiúint ag fochuideachtaí de IMCS, tuairiscigh máthairchuideachta IMCS (déantar an tagairt do liosta ESMA de ghníomhaireachtaí rátála creidmheasa atá cláraithe nó deimhnithe i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le gníomhaireachtaí rátála creidmheasa).
C0290	Céim cáilíochta creidmheasa	Sainaithin an chéim cáilíochta creidmheasa atá sannta do MSC. Léireofar sa chéim cáilíochta creidmheasa aon athchoigeartú ar an gcáilíocht chreidmheasa arna dhéanamh go hinmheánach ag an ngrúpa. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 0 – Céim cáilíochta creidmheasa 0 1 – Céim cáilíochta creidmheasa 1

	ÍTIM	TREORACHA
		2 – Céim cáilíochta creidmheasa 2 3 – Céim cáilíochta creidmheasa 3 4 – Céim cáilíochta creidmheasa 4 5 – Céim cáilíochta creidmheasa 5 6 – Céim cáilíochta creidmheasa 6 9 — Níl rátáil ar fáil
C0300	Rátáil inmheánach	Rátáil inmheánach MSC le haghaidh grúpaí a úsáideann samhail inmheánach a mhéid a úsáidtear na rátálacha inmheánacha ina samhaltú inmheánach. Má tá grúpa samhla inmheánaí ag úsáid rátálacha seachtracha amháin, ní thuairisceofar an mhír seo.

S.32.01 — Gnóthais faoi raon feidhme an ghrúpa

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo le hoscailt agus le cur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh grúpaí.

Tá an teimpléad sin infheidhme faoi mhodh 1 mar a shainmhínítear in Airteagal 230 de Threoir 2009/138/CE, modh 2 mar a shainmhínítear in Airteagal 233 de Threoir 2009/138/CE agus meascán de mhodhanna. Is liosta é de na gnóthais uile faoi raon feidhme an ghrúpa, de réir bhrí Airteagal 212(1)(c) de Threoir 2009/138/CE, faoi réir ag maoirseacht an ghrúpa iomláin de réir Airteagal 213(2)(a)(b)(c) de Threoir 2009/138/CE, lena n-áirítear na gnóthais árachais agus athárachais rannpháirteacha, na cuideachtaí sealbhaíochta árachais, na cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha ag barr an ghrúpa.

— Baineann cealla C0010 go C0080 le sainaithint an ghnóthais;

— Baineann cealla C0090 go C0170 le critéir rangaithe (san airgeadra tuairiscithe grúpa);

— Baineann cealla C0180 go C0230 le critéir tionchair;

— Baineann cealla C0240 agus C0250 le cuimsiú faoi raon feidhme na maoirseachta grúpa;

— Baineann cill C0260 le sócmhainneacht grúpa a ríomh.

	ÍTIM	TREORACHA
C0010	Tír	Cód alfa–2 ISO 3166–1 na tíre ina lonnaítear ceannoifig chláraithe gach gnóthais laistigh de raon feidhme an ghrúpa a shainaithint, de réir bhrí Airteagal 212(1)(c) de Threoir 2009/138/CE

	ÍTIM	TREORACHA
C0020	Cód aitheantais an ghnóthais	Cód aitheantais san ord tosaíochta seo: — Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI), éigeantach más ann dó; — Cód sonrach i gcás nach ann do chód LEI. Cód sonrach: — I gcás gnóthais rialáilte seachas gnóthais árachais agus athárachais faoi raon feidhme an ghrúpa, de réir bhrí Airteagal 212(1)(c) de Threoir 2009/138/CE: cód aitheantais a úsáidtear sa mhargadh áitiúil, sannta ag údarás maoirseachta inniúil an ghnóthais; — Maidir le gnóthais nach bhfuil sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus gnóthais neamhrialáilte laistigh de raon feidhme an ghrúpa, de réir bhrí Airteagal 212(1)(c) de Threoir 2009/138/CE, soláthróidh an grúpa an cód aitheantais. Agus cód aitheantais á leithdháileadh ar gach gnóthas nach bhfuil sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó gach gnóthas neamhrialáilte, cloífidh an grúpa leis an bhformáid a leanas ar bhealach comhsheasmhach: cód aitheantais an mháthairghnóthais + cód alfa-2 ISO 3166-1 thír an ghnóthais + 5 dhigit
C0030	An cineál cóid atá ag aitheantas an ghnóthais	An cód a úsáidtear sa mhír “Cód aitheantais an ghnóthais” a shainaithint: 1 — LEI 2 — Cód sonrach
C0040	Ainm dlíthiúil an ghnóthais	Ainm dlíthiúil an ghnóthais
C0050	An cineál gnóthais	An cineál gnóthais a shainaithint agus faisnéis a thabhairt faoi chineál gníomhaíochta an ghnóthais. Tá sin infheidhme maidir le gnóthais LEE agus le gnóthais tríú tír. Tá cineál na ngnóthas nasctha leis an tslí a dtugtar na gnóthais isteach i ríomh sócmhainneachta an ghrúpa, mar a thuairiscítear in C0260 den teimpléad seo. Úsáidfear an liosta iata roghanna seo a leanas: 1 — Gnóthas árachais saoil 2 — Gnóthas nach gnóthas árachais saoil é 3 — Gnóthas athárachais 4 — Comhghnóthas 5 — Cuideachta sealbhaíochta árachais mar a shainmhínítear in Airteagal 212(1)(f) de Threoir 2009/138/CE 6 — Cuideachta sealbhaíochta árachais gníomhaíochtaí measctha mar a shainmhínítear in Airteagal 212(1)(g) de Threoir 2009/138/CE 7 — Cuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha mar a shainmhínítear in Airteagal 212(1)(h) de Threoir 2009/138/CE

	ÍTIM	TREORACHA
		8 — Institiúid creidmheasa, gnólacht infheistíochta agus institiúid airgeadais 9 — Institiúid um chóir ar scor ceirde 10 — Gnóthas seirbhísí coimhdeacha mar a shainmhínítear in Airteagal 1 (53) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 11 — Gnóthas neamhrialáilte a dhéanann gníomhaíochtaí airgeadais mar a shainmhínítear in Airteagal 1 (52) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 12 — Meán sainchuspóireach arna údarú i gcomhréir le hAirteagal 211 de Threoir 2009/138/CE 13 — Meán sainchuspóireach seachas meán sainchuspóireach arna údarú i gcomhréir le hAirteagal 211 de Threoir 2009/138/CE 14 — cuideachta bainistíochta UCIT mar a shainmhínítear in Airteagal 1 (54) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 15 — Bainisteoir cistí infheistíochta malartacha mar a shainmhínítear in Airteagal 1 (55) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 99 — Eile
C0060	Foirm dhlíthiúil	Cineál an ghnóthais a shainaithint. Maidir le catagóirí 1 go 4 i gcill "An cineál gnóthais", beidh an fhoirm dhlíthiúil i gcomhréir le hIarscríbhinn III de Threoir 2009/138/CE.
C0070	Catagóir (frithpháirteach/neamh-fhrithpháirteach)	Faisnéis ardleibhéil ar an bhfoirm dhlíthiúil a shonrú, i.e. cé acu an gnóthas frithpháirteach é an gnóthas nó nach ea. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 — Frithpháirteach 2 — Neamh-fhrithpháirteach
C0080	Údarás Maoirseachta	Ainm an Údaráis Maoirseachta atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar an ngnóthas ar leith, i gcás inarb infheidhme. Úsáid ainm iomlán an údaráis.
Critéir rangaithe (san airgeadra tuairiscithe grúpa)		

	ÍTIM	TREORACHA
C0090	Clár Comhardaithe Iomlán (le haghaidh gnóthais (ath)árachais)	I gcás gnóthais (ath)árachais sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, méid iomlán chlár comhardaithe Shócmhainneacht II mar a thuairiscítear i mír C0010/R0500 in S.02.01. I gcás gnóthais (ath)árachais nach bhfuil sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, méid iomlán an chláir chomhardaithe de réir na rialacha earnálacha ábhartha. Is é an t-airgeadra tuairiscithe grúpa an t-airgeadra a úsáidfear.
C0100	Clár Comhardaithe Iomlán (le haghaidh gnóthais rialáilte eile)	I gcás gnóthais rialáilte eile, méid iomlán an chláir chomhardaithe de réir na rialacha earnálacha ábhartha. Is é an t-airgeadra tuairiscithe grúpa an t-airgeadra a úsáidfear.
C0110	Clár Comhardaithe Iomlán (gnóthais neamhrialáilte)	I gcás gnóthais neamhrialáilte, méid iomlán an chláir chomhardaithe a úsáidtear le haghaidh IFRS nó GAAP áitiúil. Is é an t-airgeadra tuairiscithe grúpa an t-airgeadra a úsáidfear.
C0120	Préimheanna scríofa glan ó athárachas arna ngéilleadh faoi IFRS nó GAAP áitiúil le haghaidh gnóthais (ath)árachais	I gcás gnóthais árachais agus athárachais, préimheanna scríofa glan ó athárachas arna ngéilleadh faoi IFRS nó GAAP áitiúil. Is é an t-airgeadra grúpa an t-airgeadra a úsáidfear.
C0130	Láimhdeachas arna shainmhíniú mar an t-ioncam comhlán faoi IFRS nó GAAP áitiúil le haghaidh cineálacha eile gnóthas, cuideachtaí sealbhaíochta árachais nó cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha	I gcás cineálacha eile gnóthas, láimhdeachas arna shainmhíniú mar an t-ioncam comhlán faoi IFRS nó GAAP áitiúil. I gcás cuideachtaí sealbhaíochta árachais nó cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha i gcás inarb iomchuí, is é láimhdeachas arna shainmhíniú mar an t-ioncam comhlán faoi IFRS nó GAAP áitiúil a úsáidfear mar chritéar rangaithe. Is é an t-airgeadra tuairiscithe grúpa an t-airgeadra a úsáidfear.
C0140	Feidhmíocht frithgheallta	Déanfaidh gnóthais (ath)árachais a bhfeidhmíocht frithgheallta a thuairisciú i gcomhréir lena ráitis airgeadais. Tuairisceofar méid airgeadaíochta. Is é an t-airgeadra tuairiscithe grúpa an t-airgeadra a úsáidfear.
C0150	Feidhmíocht infheistíochta	Déanfaidh gnóthais (ath)árachais a bhfeidhmíocht infheistíochta a thuairisciú i gcomhréir lena ráitis airgeadais. Tuairisceofar méid airgeadaíochta. Is é an t-airgeadra tuairiscithe grúpa an t-airgeadra a úsáidfear. Ní áireofar sa luach sin aon luach a tuairiscíodh cheana in C0140.
C0160	Feidhmíocht iomlán	Na gnóthais ghaolmhara uile faoi raon feidhme mhaoirseacht an ghrúpa, de réir bhrí Airteagal 212(1)(c) de Threoir 2009/138/CE, tuairisceoidh siad a bhfeidhmíocht iomlán i gcomhréir lena ráitis airgeadais. Tuairisceofar méid airgeadaíochta. Is é an t-airgeadra tuairiscithe grúpa an t-airgeadra a úsáidfear.

	ÍTIM	TREORACHA
C0170	Caighdeán cuntasaíochta	Sainaithint an chaighdeáin cuntasaíochta a úsáidtear chun míreanna i gcealla C0100 go C0160 a thuairisciú. Tuairisceofar gach mír go comhsheasmhach de réir an chaighdeáin cuntasaíochta chéanna. Úsáidfear an liosta iata roghanna seo a leanas: 1 — IFRS 2 — GAAP áitiúil
Critéir tionchair		
C0180	% scairchaipitil	An sciar den chaipiteal suibscríofa a shealbhaíonn an gnóthas rannpháirteach sa ghnóthas gaolmhar, go díreach nó go hindíreach (dá dtagraítear in Airteagal 221 de Threoir 2009/138/CE). Níl an chill sin infheidhme maidir leis an máthairghnóthas deiridh.
C0190	% arna úsáid chun cuntais chomhdhlúite a bhunú	Céatadán mar a shainmhínítear le IFRS nó le GAAP áitiúil chun gnóthais chomhdhlúite a chomhtháthú sa chomhdhlúthú a d'fhéadfadh a bheith difriúil ó mhír C0180. Tuairisceofar leasanna mionlaigh sa mhír sin freisin le haghaidh comhtháthú iomlán. Níl an chill sin infheidhme maidir leis an máthairghnóthas deiridh.
C0200	% de chearta vótála	An sciar de chearta vótála a shealbhaíonn an gnóthas rannpháirteach sa ghnóthas gaolmhar, go díreach nó go hindíreach Níl an chill sin infheidhme maidir leis an máthairghnóthas deiridh.
C0210	Critéir eile	Critéir eile atá áisiúil chun measúnú a dhéanamh ar an leibhéal tionchair a fheidhmíonn an gnóthas rannpháirteach, e.g. gaolmhaireacht dá dtagraítear in Airteagal 22(7) de Threoir 2013/34/AE, bainistíocht riosca láraithe. Níl an chill sin infheidhme maidir leis an máthairghnóthas deiridh.
C0220	Leibhéal tionchair	Féadfaidh tionchar a bheith ceannasach nó suntasach, ag brath ar na critéir thuasluaite; tá an grúpa freagrach as measúnú a dhéanamh ar an méid tionchair a fheidhmíonn an gnóthas rannpháirteach ar aon ghnóthas ach mar a luaitear in Airteagal 212(2) de Threoir 2009/138/CE, féadfaidh an maoirseoir grúpa tuairim a bheith aige atá éagsúil ó mheasúnú an ghrúpa agus sa chás sin cuirfidh an grúpa aon chinneadh a dhéanann an maoirseoir grúpa san áireamh. Níl an chill sin infheidhme maidir leis an máthairghnóthas deiridh. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 — Ceannasach 2 — Suntasach

	ÍTIM	TREORACHA
C0230	Sciar chomhréireach a úsáidtear chun an ghrúpshócmhainneacht a ríomh	Is éard atá sa sciar chomhréireach ná an sciar a úsáidfear chun an ghrúpshócmhainneacht a ríomh. Níl an chill sin infheidhme maidir leis an máthairghnóthas deiridh.
Cuimsiú faoi raon feidhme na maoirseachta grúpa		
C0240	Cuimsiú faoi raon feidhme na maoirseachta grúpa – Tá/Níl	A léiriú cé acu atá nó nach bhfuil an gnóthas san áireamh faoi raon feidhme na maoirseachta grúpa dá dtagraítear in Airteagal 214 de Threoir 2009/138/CE; mura bhfuil gnóthas san áireamh i raon feidhme na maoirseachta grúpa dá ndéantar foráil in Airteagal 214, léireofar ansin cén mhír as Airteagal 214(2) is cúis leis sin. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 — San áireamh faoin raon feidhme 2 — Gan bheith san áireamh faoin raon feidhme (Airteagal 214 (a)) 3 — Gan bheith san áireamh faoin raon feidhme (Airteagal 214 (b)) 4 — Gan bheith san áireamh faoin raon feidhme (Airteagal 214 (c))
C0250	Cuimsiú faoi raon feidhme na maoirseachta grúpa — Dáta an chinnidh i gcás ina gcuirtear Airteagal 214 i bhfeidhm	Cód ISO 8601 (bbbb-mm-ll) an dáta a shainaithint i gcás ina ndearnadh cinneadh eisiaimh.
Grúpshócmhainneacht a ríomh		
C0260	Modh a úsáidtear agus faoi mhodh 1, mar a dhéileáiltear leis an ngnóthas	Bailíonn an mhír faisnéis faoin modh a úsáidtear chun grúpshócmhainneacht a ríomh agus mar a dhéileáiltear le gach gnóthas. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 — Modh 1: Comhdhlúthú iomlán 2 — Modh 1: Comhdhlúthú comhréireach 3 — Modh 1: Modh maidir le cothromas coigeartaithe 4 — Modh 1: Rialacha earnálacha 5 — Modh 2: Sócmhainneacht II 6 — Modh 2: Rialacha earnálacha 7 — Modh 2: Rialacha áitiúla 8 — Asbhaint na rannpháirtíochta i ndáil le hAirteagal 229 de Threoir 2009/138/CE 9 — Gan cuimsiú faoi raon feidhme na maoirseachta grúpa mar a shainmhínítear in Airteagal 214 de Threoir 2009/138/CE 10 — Modh eile

	ÍTIM	TREORACHA
C0270	Cumhdaithe le samhail inmheánach le haghaidh ríomhanna SCR grúpa	1 – Úsáidfear 2 – Ní úsáidfear
C0280	An cineál coigeartaithe luaineachta a úsáidtear sa tsamhail inmheánach ghrúpa	An cineál coigeartaithe luaineachta a úsáideann gnóthais faoi raon feidhme na samhla inmheánaí grúpa chun an ghrúpshócmhainneacht a ríomh. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 – Dada 2 – Coigeartú luaineachta tairiseach 3 – Coigeartú luaineachta dinimiciúil Má úsáidtear samhail inmheánach gan coigeartú luaineachta nó má úsáidtear an Fhoirmle Chaighdeánach chun an ghrúpshócmhainneacht a ríomh, ba cheart "Dada" a roghnú.

S.33.01 — Ceanglais aonair maidir le hárachas agus athárachas

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo le hoscailt agus le cur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh grúpaí.

Tá an teimpléad sin infheidhme faoi mhodh 1 mar a shainmhínítear in Airteagal 230 de Threoir 2009/138/CE, modh 2 mar a shainmhínítear in Airteagal 233 de Threoir 2009/138/CE agus meascán de mhodhanna, ar an mbealach seo a leanas:

— Leis an gcéad chuid de (cealla C0060 go C0230) bailítear faisnéis maidir le gnóthais árachais agus athárachais uile an ghrúpa ó thíortha laistigh agus lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a chuireann Treoir 2009/138/CE i bhfeidhm, arna tuairisciú i gcomhréir leis na rialacha ann; gan beann ar an modh a úsáidtear chun an ghrúpshócmhainneacht a ríomh.

— Leis an dara cuid de (cealla C0240 go C0260) bailítear faisnéis maidir leis na ceanglais chaipitil áitiúla, íoscheanglais chaipitil áitiúla, cistí dílse incháilithe ghnóthais árachais agus athárachais uile an ghrúpa nach gnóthais laistigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch iad a thuairisceofar i gcomhréir le rialacha áitiúla, gan beann ar an modh a úsáidtear chun an ghrúpshócmhainneacht a ríomh.

— Leis an gcill dheireanach C0270 bailítear faisnéis maidir leis an ranníocaíocht aonair a dhéanann gach gnóthas árachais agus athárachais laistigh agus lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch le SCR grúpa.

— Is é is cuspóir do na sonraí sa teimpléad seo faisnéis a sholáthar do mhaoirseoirí a chuireann feabhas ar an measúnú ar infhaighteacht cistí dílse agus a éascaíonn an measúnú ar mhéid éifeachtaí an éagsúlaithe.

	ÍTIM	TREORACHA
C0010	Ainm dlíthiúil an ghnóthais	Ainm dlíthiúil gach gnóthais
C0020	Cód aitheantais an ghnóthais	Cód aitheantais san ord tosaíochta seo: — Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI), éigeantach más ann dó; — Cód sonrach i gcás nach ann do chód LEI. Cód sonrach: — I gcás gnóthais rialáilte sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch seachas gnóthas árachais agus athárachais faoi raon feidhme mhaoirseacht an ghrúpa: cód aitheantais a úsáidtear sa mhargadh áitiúil, sannta ag údarás maoirseachta inniúil an ghnóthais; — I gcás gnóthais nach bhfuil sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus gnóthais neamhrialáilte a thagann faoi raon feidhme mhaoirseacht an ghrúpa, soláthróidh an grúpa an cód aitheantais. Agus cód aitheantais á leithdháileadh ar gach gnóthas nach bhfuil sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó gach gnóthas neamhrialáilte, cloífidh an grúpa leis an bhformáid a leanas ar bhealach comhsheasmhach: cód aitheantais an mháthairghnóthais + cód alfa-2 ISO 3166-1 thír an ghnóthais + 5 dhigit
C0030	An cineál cóid atá ag cód aitheantas an ghnóthais	An cód a úsáidtear sa mhír “Cód aitheantais an ghnóthais” a shainaithint: 1 — LEI 2 — Cód sonrach
C0040	Leibhéal Eintitis/RFF nó MAP/An chuid atá fágtha	Sainaithin cé leis a mbaineann an fhaisnéis. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 — Leibhéal eintitis 2 — Ciste imfhálaithe nó punann coigeartaithe meaitseála ábhartha 3 — An chuid atá fágtha
C0050	Uimhir Chiste	I gcás ina bhfuil C0040 = 2, is é sin uimhir uathúil gach ciste imfhálaithe nó gach punainne coigeartaithe meaitseála ábhartha mar atá sannta ag an ngrúpa dóibh. Ní athrófar le himeacht ama í. Ní athúsáidfear le haghaidh cistí ná punanna eile í. Úsáidfear an uimhir go comhsheasmhach ar fud na dteimpléad uile, i gcás inarb ábhartha, chun an ciste/an phunann a shainaithint. I gcás ina bhfuil C0040 = 1 nó 3, tuairisceofar mar “0” é.
Gnóthais árachais agus athárachais laistigh agus lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (a úsáideann rialacha Shócmhainneacht II)		

	ÍTIM	TREORACHA
C0060	SCR maidir le Riosca Margaidh	SCR aonair (comhlán) maidir le Riosca Margaidh le haghaidh gach gnóthais.
C0070	SCR maidir le Riosca Mainneachtana Contrapháirtí	SCR aonair (comhlán) maidir le Riosca Mainneachtana Contrapháirtí le haghaidh gach gnóthais.
C0080	SCR maidir le Riosca Frithgheallta Saoil	SCR aonair (comhlán) maidir le Riosca Frithgheallta Saoil le haghaidh gach gnóthais.
C0090	SCR maidir le Riosca Frithgheallta san Árachas Sláinte	SCR aonair (comhlán) maidir le Riosca Frithgheallta san Árachas Sláinte le haghaidh gach gnóthais.
C0100	SCR maidir le Riosca Frithgheallta Neamhshaoil	SCR aonair (comhlán) maidir le Riosca Frithgheallta Neamhshaoil le haghaidh gach gnóthais.
C0110	SCR maidir le Riosca Oibriúcháin	SCR aonair maidir le Riosca Oibriúcháin le haghaidh gach gnóthais.
C0120	SCR aonair	SCR aonair le haghaidh gach gnóthais (lena n-áirítear aon fhorlíontán caipitil).
C0130	Íoscheanglas caipitil aonair	Íoscheanglas caipitil aonair le haghaidh gach gnóthais.
C0140	Cistí dílse aonair incháilithe chun SCR a chumhdach	Cistí dílse aonair incháilithe chun SCR a chumhdach. Tá cistí dílse iomlána le tuairisciú sa mhír seo. Ní hinfheidhme aon srian infhaighteachta maidir leis an ngrúpa.
C0150	Paraiméadair a bhaineann go sonrach leis an ngnóthas a úsáid	I gcás ina mbainfidh gnóthas úsáid as paraiméadair a bhaineann go sonrach leis an ngnóthas chun SCR aonair a ríomh, tuairiscigh an réimse (na réimsí) dá n-úsáidtear na paraiméadair sin. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 — Riosca frithgheallta saoil/riosca athbhreithnithe 2 — Riosca frithgheallta in árachas sláinte SLT/riosca athbhreithnithe 3 — Riosca préimhe agus cúlchiste in árachas sláinte NSLT, 4 — Riosca préimhe agus cúlchiste neamhshaoil, Áirigh ann a liacht rogha is gá, agus “,” eatarthu.

	ÍTIM	TREORACHA
C0160	Simplithe a úsáid	I gcás ina mbainfidh gnóthas úsáid as simplithe chun SCR aonair a ríomh, tuairiscigh an réimse (na réimsí) dá n-úsáidtear na simplithe sin. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 — Riosca margaidh/riosca raon difríochta (bannaí agus iasachtaí) 2 — Riosca margaidh/riosca an ráta úis (gnóthais faoi chuing) 3 — Riosca margaidh/riosca raon difríochta (bannaí agus iasachtaí) (gnóthais faoi chuing) 4 — Riosca margaidh/comhchruinniú riosca margaidh (gnóthais faoi chuing) 5 — Riosca mainneachtana contrapháirtí 6 — Riosca frithgheallta saoil/riosca mortlaíochta 7 — Riosca frithgheallta saoil/riosca fadsaolaí 8 — Riosca frithgheallta saoil/riosca míchumais/galrachta 9 — Riosca frithgheallta saoil/riosca dul i léig 10 — Riosca frithgheallta saoil/riosca costas saoil 11 — Riosca frithgheallta saoil/riosca tubaiste saoil 12 — Riosca frithgheallta san árachas sláinte/riosca mortlaíochta 13 — Riosca frithgheallta san árachas sláinte/riosca fadsaolaí 14 — Riosca frithgheallta san árachas sláinte/riosca caiteachais leighis maidir le míchumas/galracht 15 — Riosca frithgheallta san árachas sláinte/riosca míchumais/galrachta maidir le cosaint ioncaim 16 — Riosca frithgheallta in árachas sláinte SLT/riosca dul i léig 17 — Riosca frithgheallta san árachas sláinte/riosca costas saoil 18 — Riosca frithgheallta neamhshaoil/riosca préimhe agus cúlchiste (gnóthais faoi chuing) Áirigh ann a liacht rogha is gá, agus “,” eatarthu.
C0170	Samhail inmheánach pháirteach a úsáid	I gcás ina mbainfidh gnóthas úsáid as samhail inmheánach pháirteach (samhlacha inmheánacha páirteacha) chun SCR aonair a ríomh, tuairiscigh an réimse (na réimsí) dá n-úsáidtear í/iad sin.
C0180	Samhail inmheánach aonair nó ghrúpa	I gcás ina mbainfidh gnóthas úsáid as samhail inmheánach iomlán chun SCR aonair a ríomh, ní mór a lua cibé acu samhail inmheánach aonair nó samhail inmheánach ghrúpa atá i gceist léi. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 — Samhail Inmheánach Aonair 2 — Samhail Inmheánach Ghrúpa

	ÍTIM	TREORACHA
C0190	Dáta formheasta tosaigh samhla inmheánaí	I gcás ina bhformheasfaidh maoirseoir aonair samhail inmheánach aonair nó ghrúpa, sainaithin cód ISO 8601 (bbbb–mm–ll) dháta an fhormheasta sin.
C0200	Dáta formheasta an mhórathraithe is déanaí ar an tsamhail inmheánach	I gcás ina bhformheasfaidh maoirseoir aonair mórathrú ar shamhail inmheánach aonair nó ghrúpa (Airteagal 115), sainaithin cód ISO 8601 (bbbb–mm–ll) dháta an fhormheasta sin.
C0210	Dáta an chinnidh maidir le forlíontán caipitil	I gcás ina mbeidh feidhm ag forlíontán caipitil maidir le haon cheann de na gnóthais a liostaítear anseo (Airteagal 37 de Threoir 2009/138/CE), sainaithin cód ISO 8601 (bbbb–mm–ll) dháta an chinnidh.
C0220	Méid an fhorlíontáin caipitil	I gcás ina mbeidh feidhm ag forlíontán caipitil maidir le haon cheann de na heintitis a liostaítear anseo (Airteagal 37 de Threoir 2009/138/CE), tuairiscigh an méid cruinn.
C0230	Cúis leis an bhforlíontán caipitil	I gcás ina mbeidh feidhm ag forlíontán caipitil maidir le haon cheann de na gnóthais a liostaítear anseo (Airteagal 37 de Threoir 2009/138/CE), tuairiscigh an chúis (na cúiseanna) atá leis sin arna lua ag an maoirseoir ina chinneadh.
Gnóthais árachais agus athárachais lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (a úsáideann rialacha Shócmhainneacht II agus iad siúd nach n-úsáideann rialacha Shócmhainneacht II araon) gan beann ar an modh a úsáidtear		
C0240	Ceanglas caipitil áitiúil	Ceanglas caipitil aonair áitiúil lena ndéantar an chéad idirghabháil ag maoirseoir áitiúil a thruicearú.
C0250	Íoscheanglas caipitil áitiúil	Íoscheanglas caipitil aonair áitiúil lena ndéantar an idirghabháil deiridh — aistarraingt an údaraithe — ag maoirseoir áitiúil a thruicearú. Tá gá leis an bhfigiúr sin chun SCR grúpa comhdhlúite íosta a ríomh.

	ÍTIM	TREORACHA
C0260	Cistí dílse incháilithe i gcomhréir le rialacha áitiúla	Cistí dílse aonair incháilithe chun an ceanglas caipitil áitiúil a chumhdach, arna ríomh de réir rialacha áitiúla, gan srianta infhaighteachta a chur i bhfeidhm maidir leis an ngrúpa.
C0270	Ranníocaíocht SCR aonair le SCR grúpa	Ranníocaíocht SCR aonair le SCR grúpa Má chuirtear modh 1 i bhfeidhm, is de réir na foirmle seo a leanas a ríomhfar ranníocaíocht foghnóthais le SCR grúpa: Contrj = SCRj × SCRdiversified/Σi SCRisolo I gcás inarb amhlaidh: — gurb é SCRj SCR ar leibhéal eintitis aonair ghnóthas j; — go bhfuil SCRdiversified = SCR arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 336(a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35; — gurb é SCRisolo SCR ar leibhéal eintitis aonair an ghnóthais rannpháirtigh agus gach gnóthais árachais nó athárachais agus gach gnóthais árachais agus athárachais tríú tír a áirítear i ríomh SCRdiversified; — gurb é an cóimheas an coigeartú comhréireach i ngeall ar éifeachtaí an éagsúlaithe a aithnítear ar leibhéal an ghrúpa. I gcás gnóthais ghaolmhara árachais agus athárachais nach fochuideachtaí iad (Airteagal 335 1.d den Treoir) a áirítear trí bhíthin mhodh 1, is é ranníocaíocht an ghnóthais ghaolmhair le SCR grúpa an sciar comhréireach de SCR aonair. I gcás mhodh 2, is é ranníocaíocht an ghnóthais ghaolmhair le SCR grúpa an sciar comhréireach de SCR aonair.

S.34.01 — Gnóthais airgeadais rialáilte agus neamhrialáilte eile lena n-áirítear ceanglais aonair cuideachtaí sealbhaíochta árachais agus cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo le hoscailt agus le cur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh grúpaí.

Tá an teimpléad sin ábhartha faoi mhodh 1 mar a shainmhínítear in Airteagal 230 de Threoir 2009/138/CE, faoi mhodh 2 mar a shainmhínítear in Airteagal 233 de Threoir 2009/138/CE agus faoi mheascán de mhodhanna agus cumhdaítear leis ceanglais aonair gnóthas airgeadais seachas gnóthais árachais agus athárachais a dhéanann gníomhaíochtaí airgeadais mar a shainmhínítear in Airteagal 1(52) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, mar shampla institiúidí creidmheasa, gnólachtaí infheistíochta, institiúidí airgeadais, bainisteoirí cistí infheistíochta malartacha, cuideachtaí bainistíochta GCUI, institiúidí um chóir ar scor ceirde, gnóthais neamhrialáilte a dhéanann gníomhaíochtaí airgeadais, cuideachtaí sealbhaíochta árachais agus cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha.

	ÍTIM	TREORACHA
C0010	Ainm dlíthiúil an ghnóthais	Ainm dlíthiúil gach gnóthais
C0020	Cód aitheantais an ghnóthais	Cód aitheantais san ord tosaíochta seo: — Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI), éigeantach más ann dó; — Cód sonrach i gcás nach ann do chód LEI. Cód sonrach: — I gcás gnóthais rialáilte sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch seachas gnóthas árachais agus athárachais faoi raon feidhme mhaoirseacht an ghrúpa: cód aitheantais a úsáidtear sa mhargadh áitiúil, sannta ag údarás maoirseachta inniúil an ghnóthais; — I gcás gnóthais nach bhfuil sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus gnóthais neamhrialáilte a thagann faoi raon feidhme mhaoirseacht an ghrúpa, soláthróidh an grúpa an cód aitheantais. Agus cód aitheantais á leithdháileadh ar gach gnóthas nach bhfuil sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó gach gnóthas neamhrialáilte, cloífidh an grúpa leis an bhformáid a leanas ar bhealach comhsheasmhach: cód aitheantais an mháthairghnóthais + cód alfa-2 ISO 3166-1 thír an ghnóthais + 5 dhigit
C0030	An cineál cóid atá ag aitheantas an ghnóthais	An cód a úsáidtear sa mhír “Cód aitheantais an ghnóthais” a shainaithint: 1 — LEI 2 — Cód sonrach
C0040	Comhiomlánaithe nó gan bheith comhiomlánaithe	I gcás ina dtiocfaidh eintitis de chuid earnálacha airgeadais eile le chéile mar ghrúpa a bhfuil ceanglas caipitil sonrach aige, is féidir glacadh leis an gceanglas caipitil comhdhlúite sin in ionad an liosta de gach ceanglas aonair. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 — Comhiomlánaithe 2 — Gan bheith comhiomlánaithe
C0050	An cineál ceanglais caipitil	Sainaithin an cineál ceanglais caipitil. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 — Earnálach (le haghaidh institiúidí creidmheasa, gnólachtaí infheistíochta, institiúidí airgeadais, bainisteoirí cistí infheistíochta malartacha, cuideachtaí bainistíochta GCUI, institiúidí um chóir ar scor ceirde) 2 — Barúlach (le haghaidh gnóthais neamhrialáilte) 3 — Gan ceanglas caipitil
C0060	Ceanglas barúlach um chaipiteal sócmhainneachta nó ceanglas caipitil earnálach	An ceanglas caipitil, bíodh sé earnálach nó barúlach, lena ndéantar an chéad idirghabháil ag maoirseoir aonair a thruicearú, á ghlacadh leis gurb ann do dhréimire idirghabhála mar a thugtar air.

	ÍTIM	TREORACHA
C0070	Íoscheanglas caipitil barúlach nó earnálach	An t-íoscheanglas caipitil, bíodh sé earnálach nó barúlach, lena ndéantar an idirghabháil deiridh a thruicearú, á ghlacadh leis gurb ann do dhréimire idirghabhála i gcás ina mbeidh fáil air sin. Ní iarrtar an mhír sin le haghaidh eintitis nach socraítear leibhéal truicir deiridh dóibh.
C0080	Cistí dílse incháilithe barúlacha nó earnálacha	An méid iomlán cistí dílse chun an ceanglas caipitil (barúlach nó earnálach) a chumhdach. Ní hinfheidhme aon srian infhaighteachta maidir leis an ngrúpa.
C0085	Ranníocaíocht SCR (barúlaigh) aonair le SCR grúpa	Ranníocaíocht SCR barúlaigh aonair le SRC grúpa a mhéid a bhaineann le cuideachtaí sealbhaíochta árachais agus cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha Ranníocaíocht SCR aonair le SCR grúpa Má chuirtear modh 1 i bhfeidhm, is de réir na foirmle seo a leanas a ríomhfar ranníocaíocht foghnóthais leis an ngrúpa: Contrj = SCRj × SCRdiversified/Σi SCRisolo I gcás inarb amhlaidh: — gurb é SCRj SCR ar leibhéal eintitis aonair ghnóthas j; — go bhfuil SCRdiversified = SCR arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 336(a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 ón gCoimisiún; — gurb é SCRisolo SCR ar leibhéal eintitis aonair an ghnóthais rannpháirtigh agus gach gnóthais árachais nó athárachais agus gach gnóthais árachais agus athárachais tríú tír a áirítear i ríomh SCRdiversified; — gurb é an cóimheas an coigeartú comhréireach i ngeall ar éifeachtaí an éagsúlaithe a aithnítear ar leibhéal an ghrúpa. I gcás gnóthais ghaolmhara nach fochuideachtaí iad (Airteagal 335 1.d den Treoir) a áirítear trí bhíthin mhodh 1, is é ranníocaíocht an ghnóthais ghaolmhair le SCR grúpa an sciar comhréireach de SCR aonair. I gcás mhodh 2, is é ranníocaíocht an ghnóthais ghaolmhair le SCR grúpa an sciar comhréireach de SCR aonair.

S.35.01 — Rannchuidiú le Forálacha Teicniúla an ghrúpa

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an gcur isteach bliantúil faisnéise le haghaidh grúpaí.

An fhaisnéis atá le tuairisciú idir C0050 agus C0210, is i ndiaidh chur i bhfeidhm an choigeartaithe luaineachta, an choigeartaithe meaitseála agus an choigeartaithe idirthréimhsigh ar an ráta úis a bheidh sí. Déantar an asbhaint idirthréimhseach ó fhorálacha teicniúla a thuairisciú ar leithligh idir C0220 agus C0230.

Tá an teimpléad sin infheidhme faoi mhodh 1 mar a shainmhínítear in Airteagal 230 de Threoir 2009/138/CE, modh 2 mar a shainmhínítear in Airteagal 233 de Threoir 2009/138/CE agus meascán de mhodhanna.

Gnóthais ghaolmhara árachais agus athárachais nach fochuideachtaí iad, eisiatar ó raon fheidhme an teimpléid seo iad toisc go ndéantar measúnú orthu trí mhodh an chothromais choigeartaithe.

	ÍTIM	TREORACHA
C0010	Ainm dlíthiúil an ghnóthais	Ainm dlíthiúil gach gnóthais
C0020	Cód aitheantais an ghnóthais	Cód aitheantais san ord tosaíochta seo: — Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI), éigeantach más ann dó; — Cód sonrach i gcás nach ann do chód LEI. Cód sonrach: — I gcás gnóthais rialáilte sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch seachas gnóthas árachais agus athárachais faoi raon feidhme mhaoirseacht an ghrúpa: cód aitheantais a úsáidtear sa mhargadh áitiúil, sannta ag údarás maoirseachta inniúil an ghnóthais; — I gcás gnóthais nach bhfuil sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus gnóthais neamhrialáilte a thagann faoi raon feidhme mhaoirseacht an ghrúpa, soláthróidh an grúpa an cód aitheantais. Agus cód aitheantais á leithdháileadh ar gach gnóthas nach bhfuil sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó gach gnóthas neamhrialáilte, cloífidh an grúpa leis an bhformáid a leanas ar bhealach comhsheasmhach: cód aitheantais an mháthairghnóthais + cód alfa-2 ISO 3166-1 thír an ghnóthais + 5 dhigit
C0030	An cineál cóid atá ag aitheantas an ghnóthais	An cód a úsáidtear sa mhír “Cód aitheantais an ghnóthais” a shainaithint: 1 — LEI 2 — Cód sonrach
C0040	Modh ríomha grúpshócmhainneachta	Sainaithin modh ríomha an ghrúpa. Úsáidfear an liosta iata roghanna seo a leanas: 1 — Modh 1 2 — Modh 2
C0050	Méid iomlán forálacha teicniúla — Méid comhlán forálacha teicniúla, IGT san áireamh	An méid iomlán forálacha teicniúla arna ríomh i bhfoirm chomhlán, IGT san áireamh. Tá an mhír sin cothrom le suim mhíreanna C0070, C0100, C0130, C0160, C0190 agus C0220, seachas le haghaidh gnóthais (ath)árachais atá lonnaithe i dtíortha lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch atá comhionann faoi mhodh 2. Le haghaidh gnóthais (ath)árachais atá lonnaithe i dtíortha lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch atá comhionann faoi mhodh 2, níl ach mír C0050 éigeantach. Líonfar an chill sin le méideanna comhlána, athárachas agus IGT san áireamh.

	ÍTIM	TREORACHA
		I gcás ina n-úsáidfear modh 1 mar a shainmhínítear faoi Airteagal 230 de Threoir 2009/138/CE le haghaidh gnóthas (ath)árachais, coinníonn an méid iomlán forálacha teicniúla i gcill C0050 cuntas ar a ranníocaíocht i bhfoirm chomhlán, athárachas arna ghéilleadh faoi raon feidhme mhaoirseacht an ghrúpa d'fhorálacha teicniúla an ghrúpa san áireamh. I gcás ina n-úsáidtear modh 2 le haghaidh an ghnóthais (ath)árachais, ní féidir an méid iomlán forálacha teicniúla i gcill C0050 a réiteach le méid fhorálacha teicniúla an ghrúpa ar chlár comhardaithe an ghrúpa.
C0060	Méid iomlán forálacha teicniúla — Méid forálacha teicniúla glan ó IGT	An méid iomlán forálacha teicniúla glan ó IGT. Tá an mhír sin cothrom le suim mhíreanna C0080, C0110, C0140, C0170, C0200 agus C0230, seachas le haghaidh gnóthais (ath)árachais atá lonnaithe i dtíortha lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch atá comhionann faoi mhodh 2. Le haghaidh gnóthais (ath)árachais atá lonnaithe i dtíortha lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch atá comhionann agus dá gceadaítear rialacha áitiúla a úsáid faoi mhodh 2, níl ach mír C0060 éigeantach agus líonfar sin ar bhonn an chórais áitiúil sócmhainneachta. Líonfar an chill sin le méideanna i bhfoirm chomhlán, athárachas san áireamh, ach glan ó IGT, lena n-áirítear athárachas inghrúpa (níor cheart don chorrlach riosca a bheith glan ó IGT). I gcás ina n-úsáidfear modh 1 mar a shainmhínítear faoi Airteagal 230 de Threoir 2009/138/CE le haghaidh gnóthas (ath)árachais, coinníonn an méid iomlán forálacha teicniúla i gcill C0060 cuntas ar a ranníocaíocht glan ó athárachas arna ghéilleadh faoi raon feidhme mhaoirseacht an ghrúpa d'fhorálacha teicniúla an ghrúpa san áireamh. Is féidir an méid iomlán forálacha teicniúla i gcill C0060 le haghaidh gach gnóthais (ath)árachais faoi mhodh 1 a réiteach le méid fhorálacha teicniúla an ghrúpa ar chlár comhardaithe an ghrúpa. I gcás ina n-úsáidtear modh 2 le haghaidh an ghnóthais (ath)árachais, ní féidir an méid iomlán forálacha teicniúla i gcill C0060 a réiteach le méid fhorálacha teicniúla an ghrúpa ar chlár comhardaithe an ghrúpa.
C0070, C0100, C0130, C0160, C0190	Méid comhlán forálacha teicniúla, IGT san áireamh	An méid forálacha teicniúla (forálacha teicniúla arna ríomh mar luach iomlán nó mar shuim an mheastacháin is fearr agus an chorrlaigh riosca), arna scoilteadh de réir phríomhchatagóirí (Oibleagáidí saoil gan iad siúd san árachas sláinte ná iad siúd atá aonadnasctha agus innéacsnasctha a áireamh, Oibleagáidí atá aonadnasctha agus innéacsnasctha, Árachas sláinte SLT agus neamh-SLT, Oibleagáidí neamhshaoil gan iad siúd san árachas sláinte a áireamh) an ghnóthais laistigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus lasmuigh de arna ríomh de réir rialacha Shócmhainneacht II. Líonfar an chill sin le méideanna comhlána, athárachas agus IGT san áireamh. Is é an t-airgeadra grúpa an t-airgeadra a úsáidfear. Tuairiscítear an mhír sin le haghaidh na ngnóthas (ath)árachais faoi mhodh 1 agus modh 2, ach amháin le haghaidh na ngnóthas (ath)árachais faoi mhodh 2 atá lonnaithe i dtíortha lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch atá comhionann.

	ÍTIM	TREORACHA
C0080, C0110, C0140, C0170, C0200	Méid forálacha teicniúla glan ó IGT	An méid forálacha teicniúla (forálacha teicniúla arna ríomh mar luach iomlán nó mar shuim an mheastacháin is fearr agus an chorrlaigh riosca), arna scoilteadh de réir phríomhchatagóirí (Oibleagáidí saoil gan iad siúd san árachas sláinte ná iad siúd atá aonadnasctha agus innéacsnasctha a áireamh, Oibleagáidí atá aonadnasctha agus innéacsnasctha, Árachas sláinte SLT agus neamh-SLT, Oibleagáidí neamhshaoil gan iad siúd san árachas sláinte a áireamh) an ghnóthais laistigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus lasmuigh de arna ríomh de réir rialacha Shócmhainneacht II. Líonfar an chill le méideanna i bhfoirm chomhlán, athárachas san áireamh, ach glan ó IGT, lena n-áirítear athárachas inghrúpa. Is é an t-airgeadra grúpa an t-airgeadra a úsáidfear. Tuairiscítear an mhír sin le haghaidh na ngnóthas (ath)árachais faoi mhodh 1 agus modh 2, ach amháin le haghaidh na ngnóthas (ath)árachais faoi mhodh 2 atá lonnaithe i dtíortha lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch atá comhionann.
C0090, C0120, C0150, C0180, C0210	Glan-ranníocaíocht le Forálacha Teicniúla an Ghrúpa (%)	An sciar céatadáin d'fhorálacha teicniúla (forálacha teicniúla arna ríomh mar luach iomlán nó mar shuim an mheastacháin is fearr agus an chorrlaigh riosca) an ghnóthais (ath)árachais le forálacha teicniúla an ghrúpa faoi mhodh 1, glan ó IGT, ach i bhfoirm chomhlán agus athárachas arna ghéilleadh lasmuigh den ghrúpa san áireamh, arna scoilteadh de réir príomhchatagóirí (Oibleagáidí saoil gan iad siúd san árachas sláinte ná iad siúd atá aonadnasctha agus innéacsnasctha a áireamh, Oibleagáidí atá aonadnasctha agus innéacsnasctha, Árachas sláinte SLT agus neamh-SLT, Oibleagáidí neamhshaoil gan iad siúd san árachas sláinte a áireamh). Ní thuairiscítear an mhír sin le haghaidh gnóthais faoi mhodh 2.
C0220	Beart idirthréimhseach maidir le forálacha teicniúla — Méid comhlán forálacha teicniúla, IGT san áireamh	Méid na hasbhainte idirthréimhsí ó fhorálacha teicniúla. Ní áirítear an luach sin sna míreanna roimhe seo. Líonfar an chill le méideanna comhlána, athárachas agus IGT san áireamh. Déanfar an luach sin a thuairisciú mar luach diúltach.
C0230	Beart idirthréimhseach maidir le forálacha teicniúla — Méid forálacha teicniúla glan ó IGT	Méid na hasbhainte idirthréimhsí ó fhorálacha teicniúla. Ní áirítear an luach sin sna míreanna roimhe seo. Líonfar an chill le méideanna i bhfoirm chomhlán, athárachas san áireamh, ach glan ó IGT, lena n-áirítear athárachas inghrúpa. Déanfar an luach sin a thuairisciú mar luach diúltach.
C0240	Bearta LTG — Forálacha teicniúla atá faoi réir beart idirthréimhseach maidir le ráta úis saor ó riosca (RFR) — Méid comhlán forálacha teicniúla, IGT san áireamh	Sonraigh méid an mhéid iomláin forálacha teicniúla i bhfoirm chomhlán, IGT san áireamh (C0050), atá faoi réir an choigeartaithe idirthréimhsigh i leith struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca. Líonfar an chill le méideanna comhlána, athárachas agus IGT san áireamh.

	ÍTIM	TREORACHA
C0250	Bearta LTG — Forálacha teicniúla atá faoi réir coigeartú luaineachta — Méid comhlán forálacha teicniúla, IGT san áireamh	Sonraigh méid an mhéid iomláin forálacha teicniúla i bhfoirm chomhlán, IGT san áireamh (C0050), atá faoi réir coigeartú luaineachta. Tuairiscítear na Forálacha Teicniúla i ndiaidh an bhirt agus in éineacht leis an gcorrlach riosca. Líonfar an chill le méideanna comhlána, athárachas agus IGT san áireamh, lena n-áirítear athárachas inghrúpa.
C0260	Bearta LTG — Forálacha teicniúla atá faoi réir coigeartú meaitseála — Méid comhlán forálacha teicniúla, IGT san áireamh	Sonraigh méid an Mhéid iomláin forálacha teicniúla i bhfoirm chomhlán, IGT san áireamh (C0050), atá faoi réir coigeartú meaitseála. Líonfar an chill le méideanna comhlána, athárachas agus IGT san áireamh, lena n-áirítear athárachas inghrúpa.

S.36.01 — IGT — Idirbhearta de chineál cothromais, fiachas agus aistriú sócmhainní

Barúlacha ginearálta:

Baineann an teimpléad seo leis an bhfaisnéis a iarrtar ar ghrúpaí a sholáthar uair amháin ar a laghad in aghaidh na bliana.

Leis an teimpléad seo, tuairisceofar gach idirbheart inghrúpa (suntasach, an-suntasach agus idirbhearta a cheanglaítear a thuairisciú i ngach imthoisc) idir eintitis de chuid grúpa a bhaineann le cothromas, fiachas, maoiniú frithpháirteach ([2]) agus aistrithe sócmhainní.

Áirítear na nithe seo a leanas i measc na ngnéithe sin, ach níl siad teoranta dóibh:

— cothromas agus míreanna caipitil eile, lena n-áirítear rannpháirtíochtaí in eintitis ghaolmhara agus aistriú scaireanna eintitis ghaolmhara an ghrúpa;

— fiachas, lena n-áirítear bannaí, iasachtaí, fiachas comhthaobhaithe agus idirbhearta eile de chineál comhchosúil e.g. le híocaíochtaí réamhchinntithe úis nó cúpóin nó préimhe go ceann thréimhse ama réamhchinntithe;

— aistriú sócmhainní eile mar shampla aistriú réadmhaoine agus aistriú scaireanna cuideachtaí eile nach bhfuil gaolmhar leis an ngrúpa (i.e. lasmuigh de).

Áireofar ar an teimpléad seo idirbhearta inghrúpa:

— a bhí i bhfeidhm ag tús na tréimhse tuairiscithe.

— a tionscnaíodh le linn na tréimhse tuairiscithe agus gan íoc ar an dáta tuairiscithe.

— a tionscnaíodh agus a chuaigh in éag/tháinig in aibíocht le linn na tréimhse tuairiscithe.

I gcás ina mbeidh dhá idirbheart nó níos mó idir eintitis an ghrúpa, arb éard atá iontu ó thaobh na heacnamaíochta de rannchuidiú leis an riosca céanna nó idirbhearta a fhónann don chríoch/don chuspóir céanna nó idirbhearta atá nasctha go sealadach i bplean; measfar iad a bheith ina n-oibríocht eacnamaíoch aonair.

([2]) Mar a leagtar amach in Airteagal 223 de Threoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le gabháil le gnó Árachais agus Athárachais agus an gnó sin a shaothrú

Agus sin amhlaidh, déanfar gach idirbheart atá ina chuid d'oibríocht eacnamaíoch aonair a thuairisciú cibé uair a bhíonn siad i gcomhpháirt ag an tairseach chomhfhreagrach nó os a cionn le haghaidh idirbhearta inghrúpa suntasacha, fiú má thagann na hidirbhearta faoi bhun na tairsí ina n-aonar.

Tuairisceofar aon ghné a chuirtear le hidirbhearta inghrúpa suntasacha mar idirbheart inghrúpa ar leithligh, fiú má thagann an ghné féin faoi bhun theorann na tairsí suntasaí. Mar shampla, má mhéadaíonn gnóthas méid tosaigh na hiasachta le gnóthas gaolmhar eile, taifeadfar an méid a cuireadh leis an iasacht mar mhír ar leithligh lena dháta eisiúna mar a chéile leis an dáta ar cuireadh léi é.

I gcás ina mbeidh an luach idirbhirt éagsúil le haghaidh dhá pháirtí beartaíochta (e.g. idirbheart EUR 10m idir A agus B ina dtaifeadann A EUR 10m, ach nach bhfaigheann B ach EUR 9,5m toisc gur cuireadh costais idirbhirt dar luach EUR 0,5m leis na costais), is é an t-uasmhéid, EUR 10m sa chás seo, a thuairisceofar sa teimpléad mar mhéid an idirbhirt.

Sainmhíneofar idirbhearta indíreacha mar aon idirbheart lena n-aistrítear neamhchosaintí ar riosca idir eintitis laistigh den ghrúpa lena n-áirítear idirbhearta le meán sainchuspóireach, le gnóthais chomhinfheistíochta, le heintitis choimhdeacha nó le heintitis neamhrialáilte, ach gan bheith teoranta dóibh sin; nó idir eintitis lasmuigh den ghrúpa ach ina dtugtar an neamhchosaint ar riosca ar ais sa deireadh nó ina bhfanann sí laistigh den ghrúpa. I gcás inarb ann do shlabhra idirbheart inghrúpa gaolmhar (e.g. infheistíonn A in B agus infheistíonn B in C), is mar idirbheart indíreach a thuairisceofar an t-idirbheart seo. Dá bhrí sin, déanfar idirbheart A go C a thuairisciú agus luafar an chéim idirmheánach sna nótaí. I gcás cascáid idirbheart, e.g. má théann "A" -> "B" -> "C" -> "D", i gcás ina bhfuil "B" agus "C" araon sa ghrúpa ach inar eintitis neamhrialaithe iad, tuairisceofar an t-idirbheart sin freisin.

ÍTIM		TREORACHA
C0010	Aitheantas an idirbhirt inghrúpa	Cód aitheantais inmheánach uathúil le haghaidh gach idirbhirt inghrúpa. Beidh sé comhsheasmhach le himeacht ama.
C0020	Ainm an Infheisteora/Iasachtóra	Ainm an eintitis atá ag ceannach an chothromais nó ag iasachtú le gnóthas gaolmhar laistigh den ghrúpa, i.e. an t-eintiteas a aithníonn an t-idirbheart mar shócmhainn ar a chlár comhardaithe (fiach – clár comhardaithe).
C0030	Cód aitheantais don infheisteoir/iasachtóir	An cód aitheantais uathúil a chuirtear i gceangal leis an infheisteoir/ceannaitheoir/aistrí leis an ordú tosaíochta seo: — Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI), éigeantach más ann dó; — Cód sonrach i gcás nach ann do chód LEI. Cód sonrach: — I gcás gnóthais rialáilte sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch seachas gnóthais árachais agus athárachais laistigh den ghrúpa: cód aitheantais a úsáidtear sa mhargadh áitiúil, sannta ag údarás maoirseachta inniúil an ghnóthais; — I gcás gnóthais neamh-LEE agus gnóthais atá neamhrialáilte laistigh den ghrúpa, is é an grúpa a chuirfidh an cód aitheantais ar fáil. Agus cód aitheantais á leithdháileadh ar gach gnóthas neamh-LEE nó neamhrialáilte, comhlíonfaidh an grúpa an fhormáid seo a leanas ar bhealach comhsheasmhach: cód aitheantais an mháthairghnóthais + cód alfa-2 ISO 3166-1 thír an ghnóthais + 5 dhigit

ÍTIM		TREORACHA
C0031	An cineál cóid don infheisteoir/iasachtóir	An cineál cóid aitheantais a úsáidtear le haghaidh na míre “Cód aitheantais don infheisteoir/iasachtóir”. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – LEI 2 – Cód sonrach
NC0040	Earnáil an infheisteora/iasachtóra	Más cuid den earnáil airgeadais é an t-infheisteoir/an t-iasachtóir de réir bhrí Airteagal 2(8) de Threoir 2002/87/CE, sonraigh: “earnáil baincéireachta”, “earnáil árachais agus athárachais” nó “earnáil seirbhísí infheistíochtaí”. Mura cuid den earnáil airgeadais é an t-infheisteoir/an t-iasachtóir de réir bhrí Airteagal 2(8) de Threoir 2002/87/CE, sonraigh: “gnóthas eile den ghrúpa”.
C0050	Ainm an eisitheora/iasachtaí	Ainm an eintitis atá ag eisiúint an chothromais/na míre caipitil nó an airgid iasachtaíochta (eisiúint fiachais), i.e. an t-eintiteas a aithníonn t-idirbheart mar dhliteanas nó caipiteal ar a chlár comhardaithe (creidmheas – clár comhardaithe).
C0060	Cóid aitheantais don eisitheoir/iasachtaí	An cód aitheantais uathúil a chuirtear i gceangal leis an infheisteoir/ceannaitheoir/aistrí leis an ordú tosaíochta seo: — Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI), éigeantach más ann dó; — Cód sonrach i gcás nach ann do chód LEI. Cód sonrach: — I gcás gnóthais rialáilte sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch seachas gnóthais árachais agus athárachais laistigh den ghrúpa: cód aitheantais a úsáidtear sa mhargadh áitiúil, sannta ag údarás maoirseachta inniúil an ghnóthais; — I gcás gnóthais neamh-LEE agus gnóthais atá neamhrialáilte laistigh den ghrúpa, is é an grúpa a chuirfidh an cód aitheantais ar fáil. Agus cód aitheantais á dháileadh ar gach gnóthas neamh-rialáilte neamh-LEE, comhlíonfaidh an ilchuideachta airgeadais an fhormáid seo a leanas ar bhealach comhsheasmhach: cód aitheantais an mháthairghnóthais + cód alfa-2 ISO 3166-1 thír an ghnóthais + 5 dhigit
C0061	Cineál an chóid don eisitheoir/iasachtaí	Cineál an chóid aitheantais a úsáidtear le haghaidh na míre “Cód aitheantais don eisitheoir/iasachtaí”. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – LEI 2 – Cód sonrach

ÍTIM		TREORACHA
NC0070	Earnáil an eisitheora/iasachtaí	Más cuid den earnáil airgeadais é an t-eisitheoir/an t-iasachtaí de réir bhrí Airteagal 2(8) de Threoir 2002/87/CE, sonraigh: “earnáil baincéireachta”, “earnáil árachais agus athárachais” nó “earnáil seirbhísí infheistíochtaí”. Mura cuid den earnáil airgeadais é an t-eisitheoir/an t-iasachtaí de réir bhrí Airteagal 2(8) de Threoir 2002/87/CE, sonraigh “gnóthas eile den ghrúpa”.
NC0080	Idirbhearta indíreacha	Más cuid d’idirbheart indíreach é an t-idirbheart inghrúpa tuairiscithe (féach barúlacha ginearálta thuas), tuairiscigh “Aitheantas idirbhirt inghrúpa” (C0010) an idirbhirt ghaolmhair sa chill seo. Má tá níos mó ná dhá idirbheart gaolmhar, is gá cód aitheantais an chéad idirbhirt ghaolmhair a thuairisciú mar thagairt chun na hidirbhearta idircheangailte uile a nascadh. I gcás inarb amhlaidh nach cuid d’idirbheart indíreach é IGT tuairiscithe, tabhair “Níl” le fios.
NC0090	Oibríocht eacnamaíoch aonair	Más cuid d’oibríocht eacnamaíoch aonair é IGT tuairiscithe (féach barúlacha ginearálta thuas), tuairiscigh “Aitheantas idirbhirt inghrúpa” (C0010) an idirbhirt ghaolmhair sa chill seo. Má tá níos mó ná dhá idirbheart gaolmhar, is gá cód aitheantais an chéad idirbhirt ghaolmhair a thuairisciú mar thagairt chun na hidirbhearta idircheangailte uile a nascadh. Mura cuid d’oibríocht eacnamaíoch aonair é IGT tuairiscithe, sonraigh “Níl”
NC0100	Cód aitheantais na hionstraime	Seo é cód aitheantais na hionstraime (caipiteal, fiachas, etc.) idir an dá chontrapháirtí atá sainaitheanta leis an tosaíocht seo a leanas: — Cód ISO 6166 de chuid ISIN nuair a bhíonn sé ar fáil — Cóid aitheanta eile (e.g.: CUSIP, Bloomberg Ticker, Reuters RIC) — Cód atá sannta ag an ngnóthas, nuair nach mbíonn na roghanna thuas ar fáil. Beidh an cód sin comhsheasmhach le himeacht ama. D’fhéadfadh sé sin a bheith éagsúil leis an gcód idirbhirt inghrúpa a sholáthraítear i gcill C0010.
NC0101	Cineál an Chóid Aitheantais den ionstraim	Cineál an Chóid Aitheantais a úsáidtear le haghaidh na míre “Cóid Aitheantais na hionstraime”. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – ISO 6166 don chód ISIN 2 – CUSIP (uimhir an Choiste um Nósanna Imeachta Uilíocha um Shainaithint Urrús sannta ag Biúró Seirbhíse CUSIP do chuideachtaí ó na Stáit Aontaithe agus ó Cheanada) 3 – SEDOL (Liosta Oifigiúil Laethúil an Stocmhalartáin le haghaidh Stocmhalartán Londan) 4 – WKN (Wertpapier Kenn-Nummer, an uimhir aitheantais alfa-uimhriúil sa Ghearmáin) 5 – Bloomberg Ticker (cód litreacha Bloomberg lena sainaithnítear urrúis cuideachta) 6 – BBGID (Aitheantas Domhanda Bloomberg) 7 – Reuters RIC (Cód ionstraime Reuters) 8 – FIGI (Aitheantóir Domhanda Ionstraime Airgeadais) 9 – Cód eile le comhaltaí Chumann na nGníomhaireachtaí Náisiúnta um Shannadh Uimhreacha 99 – Cód sannta ag an ngnóthas

ÍTIM		TREORACHA
NC0110	Cineál ionstraime	Sainaithin an cineál ionstraime. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 – Bannaí/Fiachas 2 – Cineál cothromais 3 – Aistriú sócmhainní eile
NC0120	Ionstraim	Sainaithin an ionstraim. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 – Bannaí/Fiachas – comhthaobhaithe 2 – Bannaí/Fiachas – neamh-chomhthaobhaithe 3 – Cineál cothromais – scaireanna/ranníocaíochtaí 4 – Cineál cothromais – cinn eile 5 – Aistriú sócmhainní eile – réadmhaoine 6 – Aistriú sócmhainní eile – cinn eile
NC0130	Dáta eisiúna	Is é sin an ceann is luaithe de dháta an idirbhirt/eisiúna an fhiachais agus den dáta óna mbeidh feidhm ag an idirbheart inghrúpa, murab ionann é agus an dáta eisiúna. Cloífidh an dáta leis an bhformáid ISO 8601 (bbbb-mm-ll).
NC0140	Dáta aibíochta	Sainaithin cód ISO 8601 (bbbb-mm-ll) an dáta a rachaidh an t-idirbheart in éag/a thiocfaidh sé in aibíocht más infheidhme. — I gcás idirbheart inghrúpa gan aon dáta aibíochta úsáid “9999-12-31”. — Le haghaidh urrúis bhuana úsáid “9999-12-31”
NC0150	Airgeadra an idirbhirt	Sainaithin cód aibítre ISO 4217 an airgeadra inar tharla an t-idirbheart.
NC0160	Méid ag dáta an idirbhirt	Méid an idirbhirt ag dáta an idirbhirt arna thuairisciú in airgeadra tuairiscithe an ghrúpa.
NC0170	Méid ar an dáta tuairiscithe	Méid an idirbhirt gan íoc ar an dáta maidir le tuairisciú más infheidhme, e.g. le haghaidh eisiúint fiachais, arna thuairisciú in airgeadra tuairiscithe an ghrúpa. I gcás inar tharla socraíocht/réamhíocaíocht luath iomlán, beidh iarmhéid an mhéid chonarthaigh comhionann le nialas.
NC0180	Luach na comhthaobhachta	Luach na comhthaobhachta le haghaidh fiachas comhthaobhaithe nó luach na sócmhainne le haghaidh idirbheart inghrúpa lena mbaineann aistriú sócmhainní, arna thuairisciú in airgeadra tuairiscithe an ghrúpa.

ÍTIM		TREORACHA
NC0190	Méid díbhinní/úis/cúpón agus íocaíochtaí eile a rinneadh le linn na tréimhse tuairiscithe	Gabhfar sa chill seo aon íocaíocht a rinneadh i ndáil leis an idirbheart inghrúpa atá taifeadta le haghaidh na tréimhse tuairiscithe sa teimpléad seo (6 mhí anuas go dtí an dáta maidir le tuairisciú). Áirítear orthu sin ach gan bheith teoranta dóibh: — Díbhinní don bhliain reatha lena n-áirítear díbhinní atá íoctha nó dearbhaithe acu atá neamhíoctha. — Aon díbhinn iarchurtha ó bhlianta roimhe seo a íocadh le linn na tréimhse tuairiscithe (i. e. aon díbhinn iarchurtha atá íoctha a chuaigh i bhfeidhm ar Bhrabús agus caillteanas don tréimhse tuairiscithe). — Íocaíochtaí úis a dhéantar i ndáil le hionstraimí fiachais. — Aon íocaíocht eile a rinneadh i ndáil leis an idirbheart inghrúpa a thuairiscítear sa teimpléad seo, e.g. muirir ar aistrithe sócmhainní. — An méid iomlán breisithe más infheidhme, i.e. an t-airgead breise iomlán a infheistíodh le linn na tréimhse tuairiscithe, mar shampla aon íocaíocht bhreise ar scaireanna páirtíoctha nó méid iasachta méadaitheach le linn na tréimhse (nuair a thuairiscítear breisithe mar mhír ar leithligh). Déanfar an méid sin a thuairisciú in airgeadra tuairiscithe an ghrúpa.
C0200	Cúpón/Ráta úis	An ráta úis nó cúpóin mar chéatadán, más infheidhme. Maidir le ráta úis athraitheach, áireofar leis sin an ráta tagartha agus an ráta úis os a chionn.
C0210	Nótaí	Áireofar an méid a leanas sna nótaí: — fógra mura ndearnadh an t-idirbheart ar neamhthuilleamaí — aon fhaisnéis ábhartha eile maidir le cineál eacnamaíoch na hoibríochta

S.36.02 — IGT — Díorthaigh

Barúlacha ginearálta:

Baineann an teimpléad seo leis an bhfaisnéis a iarrtar ar ghrúpaí a sholáthar uair amháin ar a laghad in aghaidh na bliana.

Leis an teimpléad seo, déanfar gach idirbheart inghrúpa (suntasach, an-suntasach agus idirbhearta a cheanglaítear a thuairisciú i ngach imthoisc) idir eintitis faoi raon feidhme mhaoirseacht an ghrúpa a bhaineann le díorthaigh. Déanfar idirbhearta inghrúpa suntasacha i ndáil le díorthaigh a thuairisciú i gcás ina sáraíonn suim ghlanluacha an díorthaigh an tairseach. Áirítear na nithe seo a leanas i measc na ngnéithe sin, ach níl siad teoranta dóibh:

— Conarthaí ráta úis, lena n-áirítear babhtálacha, comhaontuithe réamhcheaptha, todhchaíochtaí agus roghanna;

— Conarthaí malairte eachtraí, lena n-áirítear babhtálacha, comhaontuithe réamhcheaptha, todhchaíochtaí agus roghanna;

— Conarthaí de shamhail na gconarthaí sin i bpointí 1(a) go (e) agus i bpointí 2(a) go (d) den Iarscríbhinn seo maidir le míreanna nó innéacsanna tagartha eile.

Áireofar ar an teimpléad seo idirbhearta inghrúpa:

— a bhí i bhfeidhm ag tús na tréimhse tuairiscithe.

— a tionscnaíodh le linn na tréimhse tuairiscithe agus gan íoc ar an dáta tuairiscithe.

— a tionscnaíodh agus a chuaigh in éag/tháinig in aibíocht le linn na tréimhse tuairiscithe.

I gcás ina mbeidh dhá idirbheart nó níos mó idir eintitis an ghrúpa, arb éard atá iontu ó thaobh na heacnamaíochta de rannchuidiú leis an riosca céanna nó idirbhearta a fhónann don chríoch/don chuspóir céanna nó idirbhearta atá nasctha go sealadach i bplean; measfar iad a bheith ina n-oibríocht eacnamaíoch aonair.

Agus sin amhlaidh, déanfar gach idirbheart atá ina chuid d'oibríocht eacnamaíoch aonair a thuairisciú cibé uair a bhíonn siad i gcomhpháirt ag an tairseach chomhfhreagrach nó os a cionn le haghaidh idirbhearta inghrúpa suntasacha, fiú má thagann na hidirbhearta faoi bhun na tairsí ina n-aonar.

Tuairisceofar aon ghné a chuirtear le hidirbhearta inghrúpa suntasacha mar idirbheart inghrúpa ar leithligh, fiú má thagann an ghné féin faoi bhun theorann na tairsí suntasaí. Mar shampla, má mhéadaíonn gnóthas méid tosaigh na hiasachta le gnóthas gaolmhar eile, taifeadfar an méid a cuireadh leis an iasacht mar mhír ar leithligh lena dháta eisiúna mar a chéile leis an dáta ar cuireadh léi é.

I gcás ina mbeidh an luach idirbhirt éagsúil le haghaidh dhá pháirtí beartaíochta (e.g. idirbheart EUR 10m idir A agus B ina dtaifeadann A EUR 10m, ach nach bhfaigheann B ach EUR 9,5m toisc gur cuireadh costais idirbhirt dar luach EUR 0,5m leis na costais), is é an t-uasmhéid, EUR 10m sa chás seo, a thuairisceofar sa teimpléad mar mhéid an idirbhirt.

Sainmhíneofar idirbhearta indíreacha mar aon idirbheart lena n-aistrítear neamhchosaintí ar riosca idir eintitis laistigh den ghrúpa lena n-áirítear idirbhearta le meán sainchuspóireach, le gnóthais chomhinfheistíochta, le heintitis choimhdeacha nó le heintitis neamhrialáilte, ach gan bheith teoranta dóibh sin; nó idir eintitis lasmuigh den ghrúpa ach ina dtugtar an neamhchosaint ar riosca ar ais sa deireadh nó ina bhfanann sí laistigh den ghrúpa. I gcás inarb ann do shlabhra idirbheart inghrúpa gaolmhar (e.g. infheistíonn A in B agus infheistíonn B in C), is mar idirbheart indíreach a thuairisceofar an t-idirbheart seo. Dá bhrí sin, déanfar idirbheart A go C a thuairisciú agus luafar an chéim idirmheánach sna nótaí. I gcás cascáid idirbheart, e.g. má théann "A" -> "B" -> "C" -> "D", i gcás ina bhfuil "B" agus "C" araon sa ghrúpa ach inar eintitis neamhrialaithe iad, tuairisceofar an t-idirbheart sin freisin.

ÍTIM		TREORACHA
C0010	Aitheantas an idirbhirt inghrúpa	Cód aitheantais inmheánach uathúil le haghaidh gach idirbhirt inghrúpa. Beidh sé comhsheasmhach le himeacht ama.
C0020	Ainm an infheisteora/an cheannaitheora	Ainm an eintitis atá ag infheistiú sa díorthach/ag ceannach an díorthaigh, nó ainm an chontrapháirtí ag a bhfuil an suíomh fada. Maidir le babhtálacha is ionann an t-íocóir agus íocóir an ráta sheasta a fhaigheann an ráta comhlúthach.
C0030	Cód aitheantais an	infheisteora/cheannaitheora
An cód	aitheantais uathúil a	infheisteoir/ceannaitheoir/aistrí leis an ordú tosaíochta seo: — Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI), éigeantach más ann dó; — Cód sonrach i gcás nach ann do chód LEI.
	chuirtear i gceangal leis	Cód sonrach: — I gcás gnóthais rialáilte sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch seachas gnóthais árachais agus athárachais laistigh den ghrúpa: cód aitheantais a úsáidtear sa mhargadh áitiúil, sannta ag údarás maoirseachta inniúil an ghnóthais; — I gcás gnóthais neamh-LEE agus gnóthais atá neamhrialáilte laistigh den ghrúpa, is é an grúpa a chuirfidh an cód aitheantais ar fáil.
	an	Agus cód aitheantais á leithdháileadh ar gach gnóthas neamh-LEE nó neamhrialáilte, comhlíonfaidh an grúpa an fhormáid seo a leanas ar bhealach comhsheasmhach: cód aitheantais an mháthairghnóthais + cód alfa-2 ISO 3166-1 thír an ghnóthais + 5 dhigit

ÍTIM		TREORACHA
C0031	Cineál an chóid den infheisteoir/ cheannaitheoir	An cineál cóid aitheantais a úsáidtear le haghaidh na míre "Cód aitheantais an infheisteora/an cheannaitheora". Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – LEI 2 – Cód sonrach
NC0040	Earnáil an infheisteora/ cheannaitheora	Más cuid den earnáil airgeadais é an t-infheisteoir/ceannaitheoir de réir bhrí Airteagal 2(8) de Threoir 2002/87/CE, sonraigh: "earnáil baincéireachta", "earnáil árachais agus athárachais" nó "earnáil seirbhísí infheistíochtaí". Mura cuid den earnáil airgeadais é an t-infheisteoir/ceannaitheoir de réir bhrí Airteagal 2(8), sonraigh: "gnóthas eile den ghrúpa".
C0050	Ainm an Eisitheora/Díoltóra	Ainm an eintitis atá ag eisiúint/díol an díorthaigh, nó ainm an chontrapháirtí ag a bhfuil an suíomh gearr. Maidir le babhtálacha, faigheann an faighteoir na rátaí seasta agus íocann an ráta comhlúthach.
C0060	Cód aitheantais an eisitheora/díoltóra	An cód aitheantais uathúil a chuirtear i gceangal leis an infheisteoir/ceannaitheoir/aistrí leis an ordú tosaíochta seo: — Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI), éigeantach más ann dó; — Cód sonrach i gcás nach ann do chód LEI. Cód sonrach: — I gcás gnóthais rialáilte sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch seachas gnóthais árachais agus athárachais laistigh den ghrúpa: cód aitheantais a úsáidtear sa mhargadh áitiúil, sannta ag údarás maoirseachta inniúil an ghnóthais; — I gcás gnóthais neamh-LEE agus gnóthais atá neamhrialáilte laistigh den ghrúpa, is é an grúpa a chuirfidh an cód aitheantais ar fáil. Agus cód aitheantais á leithdháileadh ar gach gnóthas neamh-LEE nó neamhrialáilte, comhlíonfaidh an grúpa an fhormáid seo a leanas ar bhealach comhsheasmhach: cód aitheantais an mháthairghnóthais + cód alfa-2 ISO 3166-1 thír an ghnóthais + 5 dhigit
C0061	Cineál an chóid den eisitheoir/díoltóir	An cineál cóid aitheantais a úsáidtear le haghaidh na míre "Cód aitheantais an eisitheora/díoltóra". Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – LEI 2 – Cód sonrach
NC0070	Earnáil airgeadais an eisitheora/díoltóra	Más cuid den earnáil airgeadais é an t-eisitheoir/díoltóir de réir bhrí Airteagal 2(8) de Threoir 2002/87/CE, sonraigh: "earnáil baincéireachta", "earnáil árachais agus athárachais" nó "earnáil seirbhísí infheistíochtaí". Mura cuid den earnáil airgeadais é an t-eisitheoir/díoltóir de réir bhrí Airteagal 2(8), sonraigh: "gnóthas eile den ghrúpa".

ÍTIM		TREORACHA
NC0080	Idirbhearta indíreacha	Más cuid d'idirbheart indíreach é an t-idirbheart inghrúpa tuairiscithe (féach barúlacha ginearálta thuas), tuairiscigh "Aitheantas idirbhirt inghrúpa" (C0010) an idirbhirt ghaolmhair sa seo. Má tá níos mó ná dhá idirbheart gaolmhar, is gá cód aitheantais an chéad idirbhirt ghaolmhair a thuairisciú mar thagairt chun na hidirbhearta idircheangailte uile a nascadh. Mura cuid d'idirbheart indíreach é an t-idirbheart inghrúpa tuairiscithe, sonraigh "Níl".
NC0090	Oibríocht eacnamaíoch aonair	Más cuid d'oibríocht eacnamaíoch aonair é an t-idirbheart inghrúpa tuairiscithe (féach barúlacha ginearálta thuas), tuairiscigh "Aitheantas idirbhirt inghrúpa" (C0010) an idirbhirt ghaolmhair sa chill. Má tá níos mó ná dhá idirbheart gaolmhar, is gá cód aitheantais an chéad idirbhirt ghaolmhair a thuairisciú mar thagairt chun na hidirbhearta idircheangailte uile a nascadh Mura cuid d'oibríocht eacnamaíoch aonair é an t-idirbheart inghrúpa tuairiscithe, sonraigh "Níl".
NC0100	Cód aitheantais na hionstraime	Seo é cód aitheantais na hionstraime (caipiteal, fiachas, etc.) idir an dá chontrapháirtí atá sainaitheanta leis an tosaíocht seo a leanas: — Cód ISO 6166 de chuid ISIN nuair a bhíonn sé ar fáil — Cóid aitheanta eile (e.g.: CUSIP, Bloomberg Ticker, Reuters RIC) — Cód atá sannta ag an ngnóthas, nuair nach mbíonn na roghanna thuas ar fáil. Beidh an cód sin comhsheasmhach le himeacht ama. D'fhéadfadh sé sin a bheith éagsúil leis an gcód idirbhirt inghrúpa a sholáthraítear i gcill C0010.
NC0101	Cineál an Chóid Aitheantais den ionstraim	Cineál an Chóid Aitheantais a úsáidtear le haghaidh na míre "Cóid Aitheantais na hionstraime". Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – ISO 6166 don chód ISIN 2 – CUSIP (uimhir an Choiste um Nósanna Imeachta Uilíocha um Shainaithint Urrús sannta ag Biúró Seirbhíse CUSIP do chuideachtaí ó na Stáit Aontaithe agus ó Cheanada) 3 – SEDOL (Liosta Oifigiúil Laethúil an Stocmhalartáin le haghaidh Stocmhalartán Londan) 4 – WKN (Wertpapier Kenn-Nummer, an uimhir aitheantais alfa-uimhriúil sa Ghearmáin) 5 – Bloomberg Ticker (cód litreacha Bloomberg lena sainaithnítear urrúis cuideachta) 6 – BBGID (Aitheantas Domhanda Bloomberg) 7 – Reuters RIC (Cód ionstraime Reuters) 8 – FIGI (Aitheantóir Domhanda Ionstraime Airgeadais) 9 – Cód eile le comhaltaí Chumann na nGníomhaireachtaí Náisiúnta um Shannadh Uimhreacha 99 – Cód sannta ag an ngnóthas

ÍTIM		TREORACHA
NC0110	Cineál ionstraime	Sainaithin an cineál idirbhirt. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 – Díorthaigh – todhchaíochtaí 2 – Díorthaigh – conarthaí réamhcheaptha 3 – Díorthaigh – roghanna 4 – Díorthaigh – cinn eile 5 – Ráthaíochtaí – cosaint creidmheasa 6 – Ráthaíochtaí – cinn eile 7 – Babhtálacha 8 – Cinn eile Measfar comhaontú um athcheannach mar idirbheart airgid thirim móide conradh réamhcheaptha.
NC0120	An cineál cosanta	Sainaithin an cineál idirbhirt. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 – mainneachtain creidmheasa 2 – ráta úis 3 – airgeadra 4 – cinn eile
NC0130	Cuspóir na hionstraime	Tabhair tuairisc ar an díorthach (fálú micrimhéide/macraimhéide, bainistíocht punainne éifeachtúil). Tagraítear le “Micreafhálú” do dhíorthaigh lena gcumhdaítear ionstraim airgeadais, idirbheart réamhaisnéise nó dliteanas aonair. Tagraítear le “Macrafhálú” do dhíorthaigh lena gcumhdaítear sraith ionstraimí airgeadais, idirbheart réamhaisnéise nó dliteanas. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 – Micreafhálú 2 – Macrafhálú 3 – Sreabhadh airgid sócmhainní agus dliteanas a mheaitseálann 4 – Bainistíocht punainne éifeachtúil, seachas “Sreabhadh airgid sócmhainní agus dliteanas a mheaitseálann” 5 – Cinn eile
NC0140	Dáta tosaigh	Sainaithin cód ISO 8601 (bbbb-mm-ll) dháta an idirbhirt/trádála an chonartha dhíorthaigh. Maidir le conarthaí rollacha, úsáid an dáta trádála tosaigh.

ÍTIM		TREORACHA
NC0150	Dáta aibíochta	Sainaithin cód ISO 8601 (bbbb-mm-ll) do dháta dúnta an chonartha dhíorthaigh, arna sainiú le conartha, cibé ceann acu dáta aibíochta nó dáta éaga atá ann le haghaidh roghanna (Eorpacha nó Meiriceánacha), etc.
NC0160	Airgeadra an idirbhirt	Sainaithin cód aibítre ISO 4217 an airgeadra inar tharla an t-idirbheart.
NC0170	Méid barúlac	An méid a chlúdaítear leis an díorthach nó atá neamhchosanta air ar an dáta tuairiscithe, i.e. an clár comhardaithe deiridh a thuairiscítear in airgeadra tuairiscithe an ghrúpa. I gcás todhchaíochtaí agus roghanna, comhfhreagraíonn sé do mhéid an chonartha arna iolrú faoin líon conarthaí. I gcás babhtálacha agus conarthaí réamhcheaptha, comhfhreagraíonn sé do mhéid an chonartha. I gcás ina bhfuil idirbheart tar éis teacht in aibíocht/dul in éag le linn na tréimhse tuairiscithe roimh an dáta tuairiscithe, beidh an méid barúlach ar an dáta tuairiscithe comhionann le nialas.
NC0180	Suim ghlanluacha	Luach an díorthaigh ar an dáta tuairiscithe mar a thuairiscítear i gclár comhardaithe an eintitis. I gcás ina bhfuil idirbheart tar éis teacht in aibíocht/dul in éag le linn na tréimhse tuairiscithe roimh an dáta tuairiscithe, beidh an tsuim ghlanluacha ar an dáta tuairiscithe comhionann le suim ghlanluacha uasta na ndíorthach roimh aibíocht an idirbhirt
NC0190	Luach na comhthaobhachta	Luach na comhthaobhachta arna gealladh ar an dáta maidir le tuairisciú (nialas má tá an díorthach dúnta) más infheidhme, arna thuairisciú in airgeadra tuairiscithe na hilchuideachta airgeadais.
NC0200	Cód aitheantais na Sócmhainne/an Dliteanais atá foluiteach leis an díorthach	Cód Aitheantais na sócmhainne nó an dliteanais atá faoi bhun an chonartha díorthaigh. Tá an mhír seo le soláthar le haghaidh díorthach ag a bhfuil ionstraim nó innéacs foluiteach amháin i bpunann an ghnóthais. Measatar innéacs a bheith ina ionstraim aonair, agus tuairisceofar é. Cód aitheantais na hionstraime faoi bhun an díorthaigh leis an tosaíocht seo a leanas: — Cód ISO 6166 de chuid ISIN nuair a bhíonn sé ar fáil — Cóid aitheanta eile (e.g.: CUSIP, Bloomberg Ticker, Reuters RIC) — Cód atá sannta ag an ngnóthas, nuair nach mbíonn na roghanna thuasluaite ar fáil, agus beidh sé comhsheasmhach le himeacht ama — "Ilsócmhainní/ildliteanais", más mó ná ceann amháin atá i líon na sócmhainní nó na ndliteanas foluiteach Más innéacs é an tsócmhainn nó an dliteanas foluiteach, déanfar cód an innéacs a thuairisciú.

ÍTIM		TREORACHA
NC0201	Cineál cóid aitheantais na sócmhainne/an dliteanais atá foluiteach leis an díorthach	An cineál cóid aitheantais a úsáidtear le haghaidh na míre "Cód aitheantais na sócmhainne/an dliteanais atá foluiteach leis an díorthach". Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – ISO 6166 don chód ISIN 2 – CUSIP (uimhir an Choiste um Nósanna Imeachta Uilíocha um Shainaithint Urrús sannta ag Biúró Seirbhíse CUSIP do chuideachtaí ó na Stáit Aontaithe agus ó Cheanada) 3 – SEDOL (Liosta Oifigiúil Laethúil an Stocmhalartáin le haghaidh Stocmhalartán Londan) 4 – WKN (Wertpapier Kenn-Nummer, an uimhir aitheantais alfa-uimhriúil sa Ghearmáin) 5 – Bloomberg Ticker (cód litreacha Bloomberg lena sainaithnítear urrúis cuideachta) 6 – BBGID (Aitheantas Domhanda Bloomberg) 7 – Reuters RIC (Cód ionstraime Reuters) 8 – FIGI (Aitheantóir Domhanda Ionstraime Airgeadais) 9 – Cód eile le comhaltaí Chumann na nGníomhaireachtaí Náisiúnta um Shannadh Uimhreacha 99 – Cód sannta ag an ngnóthas. Úsáidfear an rogha seo freisin le haghaidh cásanna "Ilsócmhainní/ildliteanais" agus innéacsanna
NC0210	Ainm an chontrapháirtí dá gceannaítear cosaint creidmheasa	Ainm an chontrapháirtí dár ceannaíodh an chosaint faoi chomhair a mhainneachtana
NC0220	Ráta úis seachadta na babhtála (don cheannaitheoir)	Ráta úis arna sholáthar faoin gconradh babhtála (le haghaidh Babhtálacha ráta úis amháin).
NC0230	Ráta úis faighte na babhtála (don cheannaitheoir)	Ráta úis arna fháil faoin gconradh babhtála (le haghaidh Babhtálacha ráta úis amháin).
NC0240	Airgeadra seachadta na babhtála (don cheannaitheoir)	Sainaithin cód aibítre ISO 4217 airgeadra phraghas na babhtála (le haghaidh babhtálacha airgeadraí amháin).
C0250	Airgeadra faighte na babhtála (don cheannaitheoir)	Sainaithin cód aibítre ISO 4217 airgeadra mhéid barúlach na babhtála (le haghaidh babhtálacha airgeadraí amháin).
C0260	Ioncaim a eascraíonn as díorthaigh	Glanfháltais a eascraíonn as an infheistíocht nó as ceannach na ndíorthach. De réir brabús agus caillteanas bunaithe ar IFRS, tá coinne le torthaí réadaithe agus neamhréadaithe araon anseo. Ba cheart na méideanna a líonadh lena luach glan (i gcomparáid le QRT S. 09.01. SII). Tuairisceofar an t-ús in S.36.05 brabús agus caillteanas
C0270	Nótaí	Áireofar an méid a leanas sna nótaí: — fógra mura ndearnadh an t-idirbheart ar neamhthuilleamaí — aon fhaisnéis ábhartha eile maidir le cineál eacnamaíoch na hoibríochta.

S.36.03 — IGT — Dliteanais atá lasmuigh den chlár comhardaithe agus dliteanais theagmhasacha

Barúlacha ginearálta:

Baineann an teimpléad seo leis an bhfaisnéis a sholáthróidh grúpaí uair amháin ar a laghad in aghaidh na bliana.

Leis an teimpléad seo, déanfar gach idirbheart inghrúpa (suntasach, an-suntasach agus idirbhearta a cheanglaítear a thuairisciú i ngach imthoisc) idir eintitis faoi raon feidhme mhaoirseacht an ghrúpa a bhaineann le ráthaíochtaí lasmuigh den chlár comhardaithe.

Áirítear orthu sin iad seo a leanas ach gan bheith teoranta dóibh:

— Ráthaíochtaí lasmuigh den chlár comhardaithe;

— saoráidí creidmheasa neamhtharraingthe

— sócmhainní a cheannaítear faoi chomhaontuithe um réamhcheannach glan amach (airgeadra nó eile)

— comhaontuithe um dhíol agus athcheannach sócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 12(3) agus (5) de Threoir 86/635/CEE

— Dliteanais theagmhasacha

Áireofar ar an teimpléad seo idirbhearta inghrúpa:

— a bhí i bhfeidhm ag tús na tréimhse tuairiscithe.

— a tionscnaíodh le linn na tréimhse tuairiscithe agus gan íoc ar an dáta tuairiscithe.

— a tionscnaíodh agus a chuaigh in éag/tháinig in aibíocht le linn na tréimhse tuairiscithe.

I gcás ina mbeidh dhá idirbheart nó níos mó idir eintitis an ghrúpa, arb éard atá iontu ó thaobh na heacnamaíochta de rannchuidiú leis an riosca céanna nó idirbhearta a fhónann don chríoch/don chuspóir céanna nó idirbhearta atá nasctha go sealadach i bplean; measfar iad a bheith ina n-oibríocht eacnamaíoch aonair.

Agus sin amhlaidh, déanfar gach idirbheart atá ina chuid d'oibríocht eacnamaíoch aonair a thuairisciú cibé uair a bhíonn siad i gcomhpháirt ag an tairseach chomhfhreagrach nó os a cionn le haghaidh idirbhearta inghrúpa suntasacha, fiú má thagann na hidirbhearta faoi bhun na tairsí ina n-aonar.

Tuairisceofar aon ghné a chuirtear le hidirbhearta inghrúpa suntasacha mar idirbheart inghrúpa ar leithligh, fiú má thagann an ghné féin faoi bhun theorann na tairsí suntasaí. Mar shampla, má mhéadaíonn gnóthas méid tosaigh na hiasachta le gnóthas gaolmhar eile, taifeadfar an méid a cuireadh leis an iasacht mar mhír ar leithligh lena dháta eisiúna mar a chéile leis an dáta ar cuireadh léi é.

I gcás ina mbeidh an luach idirbhirt éagsúil le haghaidh dhá pháirtí beartaíochta (e.g. idirbheart EUR 10m idir A agus B ina dtaifeadann A EUR 10m, ach nach bhfaigheann B ach EUR 9,5m toisc gur cuireadh costais idirbhirt dar luach EUR 0,5m leis na costais), is é an t-uasmhéid, EUR 10m sa chás seo, a thuairisceofar sa teimpléad mar mhéid an idirbhirt.

Sainmhíneofar idirbhearta indíreacha mar aon idirbheart lena n-aistrítear neamhchosaintí ar riosca idir eintitis laistigh den ghrúpa lena n-áirítear idirbhearta le meán sainchuspóireach, le gnóthais chomhinfheistíochta, le heintitis choimhdeacha nó le heintitis neamhrialáilte, ach gan bheith teoranta dóibh sin; nó idir eintitis lasmuigh den ghrúpa ach ina dtugtar an neamhchosaint ar riosca ar ais sa deireadh nó ina bhfanann sí laistigh den ghrúpa. I gcás inarb ann do shlabhra idirbheart inghrúpa gaolmhar (e.g. infheistíonn A in B agus infheistíonn B in C), is mar idirbheart indíreach a thuairisceofar an t-idirbheart seo. Dá bhrí sin, déanfar idirbheart A go C a thuairisciú agus luafar an chéim idirmheánach sna nótaí. I gcás cascáid idirbheart, e.g. má théann "A" -> "B" -> "C" -> "D", i gcás ina bhfuil "B" agus "C" araon sa ghrúpa ach inar eintitis neamhrialaithe iad, tuairisceofar an t-idirbheart sin freisin.

	ÍTIM	TREORACHA
C0010	Aitheantas an idirbhirt inghrúpa	Cód aitheantais inmheánach uathúil le haghaidh gach idirbhirt inghrúpa. Beidh sé comhsheasmhach le himeacht ama.
C0020	Ainm an tsoláthraí	Ainm an eintitis atá ag soláthar na ráthaíochta atá lasmuigh den chlár comhardaithe.
C0030	Cód aitheantais an tsoláthraí	An cód aitheantais uathúil a chuirtear i gceangal leis an infheisteoir/ceannaitheoir/aistrí leis an ordú tosaíochta seo más ann dó: — Aitheantóir an Eintitis Dhlítheanaigh (LEI); — Cód sonrach Cód sonrach: — I gcás gnóthais rialáilte sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch seachas gnóthais árachais agus athárachais laistigh den ghrúpa: cód aitheantais a úsáidtear sa mhargadh áitiúil, sannta ag údarás maoirseachta inniúil an ghnóthais; — I gcás gnóthais lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus gnóthais neamhrialáilte laistigh den ghrúpa, is í an ilchuideachta airgeadais a sholáthróidh an cód aitheantais. Agus cód aitheantais á leithdháileadh ar gach gnóthas neamh-LEE nó neamhrialáilte, comhlíonfaidh an grúpa an fhormáid seo a leanas ar bhealach comhsheasmhach: cód aitheantais an mháthairghnóthais + cód alfa-2 ISO 3166-1 thír an ghnóthais + 5 dhigit
C0031	Cineál an chóid den soláthraí	Cineál an Chóid Aitheantais a úsáidtear le haghaidh na míre “Cód aitheantais an tsoláthraí”. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – LEI 2 – Cód sonrach
C0040	Earnáil airgeadais an tsoláthraí	Más cuid den earnáil airgeadais é an soláthraí de réir bhrí Airteagal 2(8) de Threoir 2002/87/CE, sonraigh: “earnáil baincéireachta”, “earnáil árachais agus athárachais” nó “earnáil seirbhísí infheistíochtaí”. Mura cuid den earnáil airgeadais é an soláthraí de réir bhrí Airteagal 2(8), sonraigh: “gnóthas eile den ghrúpa”.
C0050	Ainm an tairbhí	Ainm an eintitis atá ag tairbhiú den ráthaíocht lasmuigh den chlár comhardaithe.

	ÍTIM	TREORACHA
C0060	Cód aitheantais an tairbhí	An cód aitheantais uathúil a chuirtear i gceangal leis an tairbhí leis an ord tosaíochta seo: — Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI), éigeantach más ann dó; — Cód sonrach i gcás nach ann do chód LEI. Cód sonrach: — I gcás gnóthais rialáilte sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch seachas gnóthais árachais agus athárachais laistigh den ghrúpa: cód aitheantais a úsáidtear sa mhargadh áitiúil, sannta ag údarás maoirseachta inniúil an ghnóthais; — I gcás gnóthais neamh-LEE agus gnóthais atá neamhrialáilte laistigh den ghrúpa, is é an grúpa a chuirfidh an cód aitheantais ar fáil. Agus cód aitheantais á leithdháileadh ar gach gnóthas neamh-LEE nó neamhrialáilte, comhlíonfaidh an grúpa an fhormáid seo a leanas ar bhealach comhsheasmhach: cód aitheantais an mháthairghnóthais + cód alfa-2 ISO 3166-1 thír an ghnóthais + 5 dhigit
C0061	Cineál an chóid den tairbhí	Cineál an Chóid Aitheantais a úsáidtear le haghaidh na míre “Cód aitheantais an tairbhí”. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – LEI 2 – Cód sonrach
C0070	Earnáil airgeadais an tairbhí	Más cuid den earnáil airgeadais é an tairbhí de réir bhrí Airteagal 2(8) de Threoir 2002/87/CE, sonraigh: “earnáil baincéireachta”, “earnáil árachais agus athárachais” nó “earnáil seirbhísí infheistíochtaí”. Mura cuid den earnáil airgeadais é an tairbhí de réir bhrí Airteagal 2(8), sonraigh: “gnóthas eile den ghrúpa”.
C0080	Idirbhearta indíreacha	Más cuid d’idirbheart indíreach é an t-idirbheart inghrúpa tuairiscithe (féach barúlacha ginearálta thuas), tuairiscigh “Aitheantas idirbhirt inghrúpa” (C0010) an idirbhirt ghaolmhair sa chill seo. Má tá níos mó ná dhá idirbheart gaolmhar, is gá cód aitheantais an chéad idirbhirt ghaolmhair a thuairisciú mar thagairt chun na hidirbhearta idircheangailte uile a nascadh. Mura cuid d’idirbheart indíreach é an t-idirbheart inghrúpa tuairiscithe, sonraigh “Níl”.
C0090	Oibríocht eacnamaíoch aonair	Más cuid d’oibríocht eacnamaíoch aonair é an t-idirbheart inghrúpa tuairiscithe (féach Barúlacha ginearálta thuas), tuairiscigh “Aitheantas idirbhirt inghrúpa” (C0010) an idirbhirt ghaolmhair sa chill seo. Má tá níos mó ná dhá idirbheart gaolmhar, is gá cód aitheantais an chéad idirbhirt ghaolmhair a thuairisciú mar thagairt chun na hidirbhearta idircheangailte uile a nascadh Mura cuid d’oibríocht eacnamaíoch aonair é an t-idirbheart inghrúpa tuairiscithe, sonraigh “Níl”

	ÍTIM	TREORACHA
C0100	Cineál an idirbhirt	Sainaithin an cineál idirbhirt. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 – ráthaíochtaí 2 – gealltanas 3 – litir chreidmheasa 4 – saoráidí creidmheasa neamhtharraingthe 5 – sócmhainní a cheannaítear faoi chomhaontuithe um réamhcheannach glan amach (airgeadra nó cinn eile); 6 – comhaontuithe um dhíol agus athcheannach sócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 12(3) agus (5) de Threoir 86/635/CEE; 7 – Dliteanais theagmhasacha 8 – ceann eile;
C0110	Dáta eisiúna an idirbhirt	Sainaithin cód ISO 8601 (bbbb-mm-ll) an dáta ar a dtiocfaidh an t-idirbheart/eisiúint i bhfeidhm.
C0120	Dáta éaga an chomhaontaithe/an chonartha faoi bhun an idirbhirt	I gcás inarb infheidhme, sainaithin cód ISO 8601 (bbbb-mm-ll) an dáta ar a dtiocfaidh an comhaontú/conradh chun críche. Más suthain é an dáta éaga, úsáid "9999-12-31".
C0130	Airgeadra an idirbhirt	Sainaithin cód aibítre ISO 4217 an airgeadra inar tharla an t-idirbheart. Má tá dhá airgeadra páirteach ann, sainaithin an dá cheann sa chill barúlacha C0200.
C0140	Teagmhas truicir	I gcás inarb infheidhme, tuairisc ghairid ar an teagmhas a dhéanfadh an t-idirbheart/íocaíocht/dliteanas/dada a thruicearú, e.g. teagmhas a dtarlódh dliteanas teagmhasach dá thoradh.
C0150	Luach an idirbhirt ar an dáta tosaigh	Luach an idirbhirt nó na comhthaobhachta atá geallta. Tá an mhír seo le tuairisciú in airgeadra tuairiscithe an ghrúpa.
C0160	Luach an idirbhirt ar an dáta tuairiscithe	Luach an idirbhirt, na comhthaobhachta atá geallta. Déanfar an mhír seo a thuairisciú in airgeadra tuairiscithe an ghrúpa.
C0170	Uasluach féideartha na ndliteanas teagmhasach	Uasluach féideartha dliteanas teagmhasach a áirítear ar chlár comhardaithe an ghrúpa, más féidir, gan beann ar a ndóchúlacht (i.e. sreabhadh airgid todhchaí a bhfuil gá leis chun an dliteanas teagmhasach a shocrú thar shaolré an dliteanais theagmhasaigh sin, arna lascainiú de réir struchtúr an téarma ráta úis ábhartha saor ó riosca). Suim gach sreafa airgid fhéideartha dá dtarlódh gach teagmhas a dhéanann ráthaíochtaí a thruicearú i ndáil le ráthaíochtaí arna soláthar ag an "soláthraí" (cill C0020) don "tairbhí" (Cill C0050) chun íoc na ndliteanas atá dlite ag an ngnóthas a ráthú (lena n-áirítear litir chreidmheasa, saoráidí iasachtaíochta geallta neamhtharraingthe). Ní áireofar leis an mír seo méideanna atá tuairiscithe cheana faoi C0150 agus C0160.

	ÍTIM	TREORACHA
C0180	Luach na sócmhainní faoi ráthaíocht	Luach na sócmhainne faoi ráthaíocht dá bhfaightear na ráthaíochtaí. D'fhéadfadh prionsabail na luachála earnála a bheith ábhartha sa chás seo.
C0190	Ioncaim a eascraíonn as na míreanna atá lasmuigh den chlár comhardaithe	Ioncaim a bhaineann le forálacha an idirbhirt atá lasmuigh den chlár comhardaithe.
C0200	Nótaí	Áireofar an méid a leanas sna nótaí: — fógra mura ndearnadh an t-idirbheart ar neamhthuilleamaí — aon fhaisnéis ábhartha eile maidir le cineál eacnamaíoch na hoibríochta.

S.36.04 — IGT — Árachas agus Athárachas

Barúlacha ginearálta:

Baineann an teimpléad seo leis an bhfaisnéis a iarrtar ar ghrúpaí a sholáthar uair amháin in aghaidh na bliana.

Leis an teimpléad seo, déanfar gach idirbheart inghrúpa (suntasach, an-suntasach agus idirbhearta a cheanglaítear a thuairisciú i ngach imthoisc) idir eintitis faoi raon feidhme mhaoirseacht an ghrúpa a bhaineann le hárachas agus athárachas inmheánach laistigh den ghrúpa.

Áirítear orthu sin iad seo a leanas ach gan bheith teoranta dóibh:

— Conarthaí árachais eintiteas a thagann faoi raon feidhme an ghrúpa le cuideachtaí árachais a thagann faoi raon feidhme an ghrúpa

— conarthaí athárachais idir gnóthais ghaolmhara grúpa;

— athárachas roghnach idir gnóthais ghaolmhara grúpa; agus

— aon idirbheart eile óna dtagann aistriú riosca frithgheallta (riosca árachais) idir gnóthais ghaolmhara grúpa.

Áireofar ar an teimpléad seo idirbhearta inghrúpa:

— a bhí i bhfeidhm ag tús na tréimhse tuairiscithe.

— a tionscnaíodh le linn na tréimhse tuairiscithe agus gan íoc ar an dáta tuairiscithe.

— a tionscnaíodh agus a chuaigh in éag/tháinig in aibíocht le linn na tréimhse tuairiscithe.

I gcás ina mbeidh dhá idirbheart nó níos mó idir eintitis an ghrúpa, arb éard atá iontu ó thaobh na heacnamaíochta de rannchuidiú leis an riosca céanna nó idirbhearta a fhónann don chríoch/don chuspóir céanna nó idirbhearta atá nasctha go sealadach i bplean; measfar iad a bheith ina n-oibríocht eacnamaíoch aonair.

Agus sin amhlaidh, déanfar gach idirbheart atá ina chuid d'oibríocht eacnamaíoch aonair a thuairisciú cibé uair a bhíonn siad i gcomhpháirt ag an tairseach chomhfhreagrach nó os a cionn le haghaidh idirbhearta inghrúpa suntasacha, fiú má thagann na hidirbhearta faoi bhun na tairsí ina n-aonar.

Tuairisceofar aon ghné a chuirtear le hidirbhearta inghrúpa suntasacha mar idirbheart inghrúpa ar leithligh, fiú má thagann an ghné féin faoi bhun theorann na tairsí suntasaí. Mar shampla, má mhéadaíonn gnóthas méid tosaigh na hiasachta le gnóthas gaolmhar eile, taifeadfar an méid a cuireadh leis an iasacht mar mhír ar leithligh lena dháta eisiúna mar a chéile leis an dáta ar cuireadh léi é.

I gcás ina mbeidh an luach idirbhirt éagsúil le haghaidh dhá pháirtí beartaíochta (e.g. idirbheart EUR 10m idir A agus B ina dtaifeadann A EUR 10m, ach nach bhfaigheann B ach EUR 9,5m toisc gur cuireadh costais idirbhirt dar luach EUR 0,5m leis na costais), is é an t-uasmhéid, EUR 10m sa chás seo, a thuairisceofar sa teimpléad mar mhéid an idirbhirt.

Sainmhíneofar idirbhearta indíreacha mar aon idirbheart lena n-aistrítear neamhchosaintí ar riosca idir eintitis laistigh den ghrúpa lena n-áirítear idirbhearta le meán sainchuspóireach, le gnóthais chomhinfheistíochta, le heintitis choimhdeacha nó le heintitis neamhrialáilte, ach gan bheith teoranta dóibh sin; nó idir eintitis lasmuigh den ghrúpa ach ina dtugtar an neamhchosaint ar riosca ar ais sa deireadh nó ina bhfanann sí laistigh den ghrúpa. I gcás inarb ann do shlabhra idirbheart inghrúpa gaolmhar (e.g. infheistíonn A in B agus infheistíonn B in C), is mar idirbheart indíreach a thuairisceofar an t-idirbheart seo. Dá bhrí sin, déanfar idirbheart A go C a thuairisciú agus luafar an chéim idirmheánach sna nótaí. I gcás cascáid idirbheart, e.g. má théann "A" -> "B" -> "C" -> "D", i gcás ina bhfuil "B" agus "C" araon sa ghrúpa ach inar eintitis neamhrialaithe iad, tuairisceofar an t-idirbheart sin freisin.

ÍTIM		TREORACHA
C0010	Aitheantais an idirbhirt inghrúpa	Cód aitheantais inmheánach uathúil le haghaidh gach idirbhirt inghrúpa. Beidh sé comhsheasmhach le himeacht ama.
C0020	Ainm an pháirtí faoi árachas/an árachóra ghéillte	Ainm dlíthiúil an eintitis a d'aistrigh an riosca frithgheallta chuig árachóir nó athárachóir eile laistigh den ghrúpa.
C0030	Cóid aitheantais don pháirtí faoi árachas/árachóir géillte	An cód aitheantais uathúil a chuirtear i gceangal leis an infheisteoir/ceannaitheoir/aistrí leis an ordú tosaíochta seo: — Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI), éigeantach más ann dó; — Cód sonrach i gcás nach ann do chód LEI. Cód sonrach: — I gcás gnóthais rialáilte sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch seachas gnóthais árachais agus athárachais laistigh den ghrúpa: cód aitheantais a úsáidtear sa mhargadh áitiúil, sannta ag údarás maoirseachta inniúil an ghnóthais; — I gcás gnóthais neamh-LEE agus gnóthais atá neamhrialáilte laistigh den ghrúpa, is é an grúpa a chuirfidh an cód aitheantais ar fáil. Agus cód aitheantais á leithdháileadh ar gach gnóthas neamh-LEE nó neamhrialáilte, comhlíonfaidh an grúpa an fhormáid seo a leanas ar bhealach comhsheasmhach: cód aitheantais an mháthairghnóthais + cód alfa-2 ISO 3166-1 thír an ghnóthais + 5 dhigit

ÍTIM		TREORACHA
C0031	An cineál cóid don pháirtí faoi árachas/árachóir géillte	An cineál cóid aitheantais a úsáidtear le haghaidh na míre “Cód aitheantais don infheisteoir/iasachtóir”. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – LEI 2 – Cód sonrach
C0040	Earnáil an pháirtí faoi árachas/an árachóra ghéillte	Más cuid den earnáil airgeadais é an páirtí faoi árachas/an t-árachóir géillte de réir bhrí Airteagal 2(8) de Threoir 2002/87/CE, sonraigh: “earnáil baincéireachta”, “earnáil árachais agus athárachais” nó “earnáil seirbhísí infheistíochtaí”. Mura cuid den earnáil airgeadais é an páirtí faoi árachas/an t-árachóir géillte de réir bhrí Airteagal 2(8), sonraigh: “gnóthas eile den ghrúpa”.
C0050	Ainm an Árachóra/Athárachóra	Ainm dlíthiúil an árachóra/athárachóra chuig ar aistríodh an riosca frithgheallta.
C0060	Cód aitheantais an árachóra/athárachóra	An cód aitheantais uathúil a chuirtear i gceangal leis an infheisteoir/ceannaitheoir/aistrí leis an ordú tosaíochta seo: — Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI), éigeantach más ann dó; — Cód sonrach i gcás nach ann do chód LEI. Cód sonrach: — I gcás gnóthais rialáilte sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch seachas gnóthais árachais agus athárachais laistigh den ghrúpa: cód aitheantais a úsáidtear sa mhargadh áitiúil, sannta ag údarás maoirseachta inniúil an ghnóthais; — I gcás gnóthais neamh-LEE agus gnóthais atá neamhrialáilte laistigh den ghrúpa, is é an grúpa a chuirfidh an cód aitheantais ar fáil. Agus cód aitheantais á leithdháileadh ar gach gnóthas neamh-LEE nó neamhrialáilte, comhlíonfaidh an grúpa an fhormáid seo a leanas ar bhealach comhsheasmhach: cód aitheantais an mháthairghnóthais + cód alfa-2 ISO 3166-1 thír an ghnóthais + 5 dhigit
C0061	An cineál cóid árachóra/athárachóra	An cineál cóid aitheantais a úsáidtear le haghaidh na míre “Cód aitheantais an árachóra/athárachóra”. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – LEI 2 – Cód sonrach
C0070	Earnáil an árachóra/athárachóra	Earnáil airgeadais an tsoláthraí de réir bhrí Airteagal 2(8) de Threoir 2002/87/CE, i.e. “an earnáil árachais agus athárachais”. Coimeádadh an colún seo chun é a ailíniú leis na teimpléid a úsáidtear ar leibhéal ilchuideachta airgeadais.

ÍTIM		TREORACHA
C0080	Idirbhearta indíreacha	Más cuid d'idirbheart indíreach é an t-idirbheart inghrúpa tuairiscithe (féach barúlacha ginearálta thuas), tuairiscigh "Aitheantas idirbhirt inghrúpa" (C0010) an idirbhirt ghaolmhair sa chill seo. Má tá níos mó ná dhá idirbheart gaolmhar, is gá cód aitheantais an chéad idirbhirt ghaolmhair a thuairisciú mar thagairt chun na hidirbhearta idircheangailte uile a nascadh. Mura cuid d'idirbheart indíreach é an t-idirbheart inghrúpa tuairiscithe, sonraigh "Níl".
C0090	Oibríocht eacnamaíoch aonair	Más cuid d'oibríocht eacnamaíoch aonair é an t-idirbheart inghrúpa tuairiscithe (féach Barúlacha ginearálta thuas), tuairiscigh "Aitheantas idirbhirt inghrúpa" (C0010) an idirbhirt ghaolmhair sa chill seo. Má tá níos mó ná dhá idirbheart gaolmhar, is gá cód aitheantais an chéad idirbhirt ghaolmhair a thuairisciú mar thagairt chun na hidirbhearta idircheangailte uile a nascadh. Mura cuid d'oibríocht eacnamaíoch aonair é an t-idirbheart inghrúpa tuairiscithe, sonraigh "Níl"
C0100	An cineál idirbhirt	Sainaithin an cineál conartha. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 – árachas 2 – athárachas
C0110	Idirbheart	Má tá C0100 = athárachas, ansin sainaithin an cineál conartha athárachais. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 – sciar den chuóta 2 – sciar athraitheach den chuóta 3 – barrachas 4 – barrachas caillteanais (in aghaidh an teagmhais agus ina aghaidh an riosca) 5 – barrachas caillteanais (in aghaidh an riosca) 6 – barrachas caillteanais (in aghaidh an teagmhais) 7 – barrachas caillteanais "cúltaca" (cosaint in aghaidh teagmhas leantach inar féidir le tubaistí áirithe a bheith ina gcúis leo mar shampla tuilte nó dóiteán) 8 – barrachas caillteanais ag a bhfuil riosca boinn 9 – cumhdach athchuir 10 – barrachas comhiomlán caillteanais 11 – barrachas neamhtheoranta caillteanais 12 – stad le caillteanas 13 – conarthaí comhréireacha eile

ÍTIM		TREORACHA
		14 – conarthaí neamhréireacha eile 15 – Athárachas airgeadais 16 – Comhréireach roghnach 17 – Neamhréireach roghnach Is féidir Conarthaí comhréireacha eile (cód 13) agus Conarthaí neamhréireacha eile (cód 14) a úsáid le haghaidh cineálacha hibrideacha de chonarthaí athárachais.
C0120	Dáta tosaigh	Sainaithin cód ISO 8601 (bbbb-mm-ll) do dháta tosach feidhme an chonartha athárachais shonraigh.
C0130	Dáta éaga	Sainaithin cód ISO 8601 (bbbb-mm-ll) do dháta éaga an chonartha athárachais shonraigh (i.e. an dáta deiridh ar a mbeidh an conradh athárachais sonrach i bhfeidhm). Ní thuairiscítear an mhír sin mura bhfuil aon dáta éaga ann (conradh leanúnach atá ann, mar shampla, agus ní thiocfaidh deireadh leis ach nuair a thabharfaidh ceann de na páirtithe fógra faoi sin).
C0140	Airgeadra an idirbhirt	Sainaithin cód aibítre ISO 4217 an airgeadra inar tharla na híocaíochtaí don chonradh athárachais sonrach.
C0150	Uaschumhdach de réir idirbhirt	I gcás sciar de chuóta nó conradh barrachais, maítear anseo 100 % den uasmhéid socraithe le haghaidh an chonartha ina iomláine (e.g. EUR 10 milliún). I gcás cumhdaigh neamhtheoranta, líonfar isteach "-1" anseo. Ní foláir an mhír seo a thuairisciú in airgeadra an idirbhirt.
C0160	Glanearraí Infhaighte	Leanann an méid astu seo a leanas: éilimh arna n-íoc ag an (ath)árachóir ach nach bhfuil aisíoctha go fóill ag an (ath)árachóir + coimisiúin atá le híoc ag an (ath) árachóir + méideanna in-aisghabhála eile lúide fiachais ag an (ath)árachóir. Eisiatar taiscí airgid thirim agus measfar mar ráthaíochtaí faighte iad. Ní foláir an mhír seo a thuairisciú in airgeadra an ghrúpa.
C0170	Méideanna in-aisghabhála iomlána ón athárachas	An méid iomlán atá dlite ón athárachóir ar an dáta maidir le tuairisciú, lena n-áirítear: Foráil maidir le préimh don chuid den phréimh athárachais todhchaí atá íoctha leis an athárachóir cheana; Foráil maidir le héilimh atá gan íoc ag an árachóir nach foláir don athárachóir iad a íoc; agus/nó Forálacha teicniúla don mhéid ina léirítear sciar an athárachóra sna forálacha teicniúla comhlána. Ní foláir an mhír seo a thuairisciú in airgeadra tuairiscithe an ghrúpa.

ÍTIM		TREORACHA
C0180	Toradh teicniúil athárachais (le haghaidh athárachais)	Toradh athárachais (le haghaidh eintiteas faoi athárachas): Coimisiúin athárachais iomlána a fuair an t-eintiteas faoi athárachas lúide préimheanna athárachais comhlána a d'íoc an t-eintiteas faoi athárachas móide na héilimh a d'íoc an t-athárachóir le linn na tréimhse tuairiscithe móide Méideanna in-aisghabhála iomlána ag deireadh na tréimhse tuairiscithe lúide Méideanna in-aisghabhála iomlána ag tús na tréimhse tuairiscithe. Ní foláir an mhír seo a thuairisciú in airgeadra tuairiscithe an ghrúpa.
C0190	Préimheanna (le haghaidh árachais)	Méid iomlán na bpréimheanna comhlána i scríbhinn mar a shainmhínítear in Airteagal 1(11) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35. Níl feidhm ag an gcill seo maidir le blianachtaí a eascraíonn as árachas neamhshaoil.
C0200	Éilimh (le haghaidh árachais)	Méid iomlán na n-olléileamh a íocadh le linn na bliana, lena n-áirítear caiteachais um bainistíocht éileamh
C0210	Réim ghnó	Sainaithin an réim ghnó, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, atá faoi athárachas. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 — Árachas maidir le caiteachas leighis 2 — Árachas cosanta ioncaim 3 — Árachas gortuithe tionsclaíocha 4 — Árachas dliteanais mótarfheithicle 5 — Árachas mótair eile 6 — Árachas muirí, eitlíochta agus iompair 7 — Árachas dóiteáin agus árachas le haghaidh damáiste eile do mhaoin 8 — Árachas dliteanais ghinearálta 9 — Árachas creidmheasa agus urraíochta 10 — Árachas maidir le costais dlí 11 — Cúnamh 12 — Caillteanas airgeadais ilghnéitheach 13 — Athárachas comhréireach caiteachais leighis 14 — Athárachas comhréireach cosanta ioncaim 15 — Athárachas comhréireach um ghortuithe tionsclaíocha

ÍTIM		TREORACHA
		16 — Athárachas comhréireach um dhliteanas mótarfheithiclí 17 — Athárachas mótair comhréireach eile 18 — Athárachas comhréireach muirí, eitlíochta agus iompair 19 — Athárachas comhréireach dóiteáin agus le haghaidh damáiste eile do mhaoin 20 — Athárachas comhréireach dliteanais ghinearálta 21 — Athárachas comhréireach creidmheasa agus urraíochta 22 — Athárachas comhréireach costas dlí 23 — Athárachas comhréireach cúnaimh 24 — Athárachas comhréireach ilghnéitheach caillteanais airgeadais 25 — Athárachas sláinte neamhréireach 26 — Athárachas taisme neamhréireach 27 — Athárachas neamhréireach muirí, eitlíochta agus iompair 28 — Athárachas neamhréireach maoine 29 — Árachas le comhroinnt brabúis 30 — Árachas innéacsnasctha agus aonadnasctha 31 — Árachas saoil eile 32 — Blianachtaí ag eascairt as conarthaí árachais neamhshaoil agus a bhaineann le hoibleagáidí árachais sláinte 33 — Blianachtaí ag eascairt as conarthaí árachais neamhshaoil agus a bhaineann le hoibleagáidí árachais seachas oibleagáidí árachais sláinte 34 — Athárachas saoil 35 — Árachas sláinte 36 — Athárachas sláinte Má chlúdaítear le comhshocrú athárachais níos mó ná líne ghnó amháin, ansin roghnaigh an réim ghnó is suntasaí ón liosta thuas.
C0220	Nótaí	Áireofar an méid a leanas sna nótaí: — fógra mura ndearnadh an t-idirbheart ar neamhthuilleamaí — aon fhaisnéis ábhartha eile maidir le cineál eacnamaíoch na hoibríochta

S.36.05 — IGT — Brabús agus caillteanas

Barúlacha ginearálta:

Baineann an iarscríbhinn seo leis an bhfaisnéis a iarrtar ar na grúpaí a sholáthar uair amháin in aghaidh na bliana.

Leis an teimpléad seo, déanfar an brabús agus caillteanas atá bainteach le gach idirbheart inghrúpa (suntasach, an-suntasach agus idirbhearta a cheanglaítear a thuairisciú i ngach imthoisc) idir eintitis faoi raon feidhme mhaoirseacht an ghrúpa a bhaineann le hárachas agus athárachas inmheánach laistigh den ghrúpa nó idirbhearta brabúis agus caillteanais a bhreithnítear a bheith ina n-idirbhearta inghrúpa suntasacha nó an-suntasacha nó ina n-idirbhearta a cheanglaítear a thuairisciú i ngach imthoisc. Áirítear orthu sin iad seo a leanas ach gan bheith teoranta dóibh:

— Táillí;

— Coimisiúin;

— Ús;

— Díbhinní;

— Costais nó ioncaim as seachfhoinsiú inghrúpa, cionroinnt costas inmheánach nó comhaontuithe cíosa.

Tuairisceofar seachfhoinsiú inghrúpa nó cionroinnt costas inmheánach as a leanann idirbhearta inghrúpa suntasacha.

Cé go dtuairiscítear ús, díbhinní in S.36.01, S.36.02 ní mór iad a thuairisciú de bhreis orthu sin in S.36.05 brabús agus caillteanas.

Áireofar ar an teimpléad seo idirbhearta inghrúpa:

— a bhí i bhfeidhm ag tús na tréimhse tuairiscithe.

— a tionscnaíodh le linn na tréimhse tuairiscithe agus gan íoc ar an dáta tuairiscithe.

— a tionscnaíodh agus a chuaigh in éag/tháinig in aibíocht le linn na tréimhse tuairiscithe.

I gcás ina mbeidh dhá idirbheart nó níos mó idir eintitis an ghrúpa, arb éard atá iontu ó thaobh na heacnamaíochta de rannchuidiú leis an riosca céanna nó idirbhearta a fhónann don chríoch/don chuspóir céanna nó idirbhearta atá nasctha go sealadach i bplean; measfar iad a bheith ina n-oibríocht eacnamaíoch aonair.

Agus sin amhlaidh, déanfar gach idirbheart atá ina chuid d'oibríocht eacnamaíoch aonair a thuairisciú cibé uair a bhíonn siad i gcomhpháirt ag an tairseach chomhfhreagrach nó os a cionn le haghaidh idirbhearta inghrúpa suntasacha, fiú má thagann na hidirbhearta faoi bhun na tairsí ina n-aonar.

Tuairisceofar aon ghné a chuirtear le hidirbhearta inghrúpa suntasacha mar idirbheart inghrúpa ar leithligh, fiú má thagann an ghné féin faoi bhun theorann na tairsí suntasaí. Mar shampla, má mhéadaíonn gnóthas méid tosaigh na hiasachta le gnóthas gaolmhar eile, taifeadfar an méid a cuireadh leis an iasacht mar mhír ar leithligh lena dháta eisiúna mar a chéile leis an dáta ar cuireadh léi é.

I gcás ina mbeidh an luach idirbhirt éagsúil le haghaidh dhá pháirtí beartaíochta (e.g. idirbheart EUR 10m idir A agus B ina dtaifeadann A EUR 10m, ach nach bhfaigheann B ach EUR 9,5m toisc gur cuireadh costais idirbhirt dar luach EUR 0,5m leis na costais), is é an t-uasmhéid, EUR 10m sa chás seo, a thuairisceofar sa teimpléad mar mhéid an idirbhirt.

Sainmhíneofar idirbhearta indíreacha mar aon idirbheart lena n-aistrítear neamhchosaintí ar riosca idir eintitis laistigh den ghrúpa lena n-áirítear idirbhearta le meán sainchuspóireach, le gnóthais chomhinfheistíochta, le heintitis choimhdeacha nó le heintitis neamhrialáilte, ach gan bheith teoranta dóibh sin; nó idir eintitis lasmuigh den ghrúpa ach ina dtugtar an neamhchosaint ar riosca ar ais sa deireadh nó ina bhfanann sí laistigh den ghrúpa. I gcás inarb ann do shlabhra idirbheart inghrúpa gaolmhar (e.g. infheistíonn A in B agus infheistíonn B in C), is mar idirbheart indíreach a thuairisceofar an t-idirbheart seo. Dá bhrí sin, déanfar idirbheart A go C a thuairisciú agus luafar an chéim idirmheánach sna nótaí. I gcás cascáid idirbheart, e.g. má théann "A" -> "B" -> "C" -> "D", i gcás ina bhfuil "B" agus "C" araon sa ghrúpa ach inar eintitis neamhrialaithe iad, tuairisceofar an t-idirbheart sin freisin.

ÍTIM		TREORACHA
C0010	Aitheantas an idirbhirt inghrúpa	Cód aitheantais inmheánach uathúil le haghaidh gach idirbhirt inghrúpa. Beidh sé comhsheasmhach le himeacht ama. I gcás a bhaineann le hidirbhearta atá luaite cheana, úsáid an t-aitheantas céanna.
C0020	Ainm thaobh an ioncaim	Ainm dlíthiúil an eintitis a fuair an t-ioncam ó eintiteas eile laistigh den ghrúpa.
C0030	Cóid aitheantais do thaobh an ioncaim	An cód aitheantais uathúil a chuirtear i gceangal leis an eintiteas a fuair an t-ioncam leis an ord tosaíochta seo: — Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI), éigeantach más ann dó; — Cód sonrach i gcás nach ann do chód LEI. Cód sonrach: — I gcás gnóthais rialáilte sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch seachas gnóthais árachais agus athárachais laistigh den ghrúpa: cód aitheantais a úsáidtear sa mhargadh áitiúil, sannta ag údarás maoirseachta inniúil an ghnóthais; — I gcás gnóthais neamh-LEE agus gnóthais atá neamhrialáilte laistigh den ghrúpa, is é an grúpa a chuirfidh an cód aitheantais ar fáil. Agus cód aitheantais á leithdháileadh ar gach gnóthas neamh-LEE nó neamhrialáilte, comhlíonfaidh an grúpa an fhormáid seo a leanas ar bhealach comhsheasmhach: cód aitheantais an mháthairghnóthais + cód alfa-2 ISO 3166-1 thír an ghnóthais + 5 dhigit
C0031	Cineál an chóid do thaobh an ioncaim	Cineál an Chóid Aitheantais a úsáidtear le haghaidh na míre “Cód aitheantais do thaobh an ioncaim”. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – LEI 2 – Cód sonrach
C0040	Earnáil thaobh an ioncaim	Más cuid den earnáil airgeadais é an t-eintiteas a fuair an t-ioncam ó eintiteas eile laistigh den ghrúpa de réir bhrí Airteagal 2(8) de Threoir 2002/87/CE, sonraigh: “earnáil baincéireachta”, “earnáil baincéireachta/athárachais” nó “earnáil seirbhísí infheistíochtaí”. Mura cuid den earnáil airgeadais é an t-eintiteas a fuair an t-ioncam ó eintiteas eile laistigh den ghrúpa de réir bhrí Airteagal 2(8), sonraigh: “gnóthas eile den ghrúpa”.
C0050	Ainm thaobh an chaiteachais	Ainm dlíthiúil an eintitis a sholáthair an t-ioncam d’eintiteas eile laistigh den ghrúpa.

ÍTIM		TREORACHA
C0060	Cóid aitheantais do thaobh an chaiteachais	An cód aitheantais uathúil a chuirtear i gceangal leis an eintiteas a sholáthair an t-ioncam san ord tosaíochta seo: — Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI), éigeantach más ann dó; — Cód sonrach i gcás nach ann do chód LEI. Cód sonrach: — I gcás gnóthais rialáilte sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch seachas gnóthais árachais agus athárachais laistigh den ghrúpa: cód aitheantais a úsáidtear sa mhargadh áitiúil, sannta ag údarás maoirseachta inniúil an ghnóthais; — I gcás gnóthais neamh-LEE agus gnóthais atá neamhrialáilte laistigh den ghrúpa, is é an grúpa a chuirfidh an cód aitheantais ar fáil. Agus cód aitheantais á leithdháileadh ar gach gnóthas neamh-LEE nó neamhrialáilte, comhlíonfaidh an grúpa an fhormáid seo a leanas ar bhealach comhsheasmhach: cód aitheantais an mháthairghnóthais + cód alfa-2 ISO 3166-1 thír an ghnóthais + 5 dhigit.
C0061	Cineál an chóid do thaobh an chaiteachais	Cineál an Chóid Aitheantais a úsáidtear le haghaidh na míre "Cód aitheantais do thaobh an chaiteachais". Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – LEI 2 – Cód sonrach
C0070	Earnáil thaobh an chaiteachais	Más cuid den earnáil airgeadais é an t-eintiteas a sholáthair an t-ioncam d'eintiteas eile laistigh den ghrúpa de réir bhrí Airteagal 2(8) de Threoir 2002/87/CE, sonraigh: "earnáil baincéireachta", "earnáil árachais agus athárachais" nó "earnáil seirbhísí infheistíochtaí". Mura cuid den earnáil airgeadais é an t-eintiteas a sholáthair an t-ioncam d'eintiteas eile laistigh den ghrúpa de réir bhrí Airteagal 2(8), sonraigh: "gnóthas eile den ghrúpa".
C0080	Idirbhearta indíreacha	Más cuid d'idirbheart indíreach é an t-idirbheart inghrúpa tuairiscithe (féach barúlacha ginearálta thuas), tuairiscigh "Aitheantas idirbhirt inghrúpa" (C0010) an idirbhirt ghaolmhair sa chill seo. Má tá níos mó ná dhá idirbheart gaolmhar, is gá cód aitheantais an chéad idirbhirt ghaolmhair a thuairisciú mar thagairt chun na hidirbhearta idircheangailte uile a nascadh. I gcás inarb amhlaidh nach cuid d'idirbheart indíreach é an t-idirbheart inghrúpa tuairiscithe, tabhair le fios "Níl".
C0090	Oibríocht eacnamaíoch aonair	Más cuid d'oibríocht eacnamaíoch aonair é an t-idirbheart inghrúpa tuairiscithe (féach Barúlacha ginearálta thuas), tuairiscigh "Aitheantas idirbhirt inghrúpa" (C0010) an idirbhirt ghaolmhair sa chill seo. Má tá níos mó ná dhá idirbheart gaolmhar, is gá cód aitheantais an chéad idirbhirt ghaolmhair a thuairisciú mar thagairt chun na hidirbhearta idircheangailte uile a nascadh. Mura cuid d'oibríocht eacnamaíoch aonair é an t-idirbheart inghrúpa tuairiscithe, sonraigh "Níl"

ÍTIM		TREORACHA
C0100	An cineál idirbhirt	Sainaithin an cineál den idirbheart brabúis agus caillteanais. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 – Táillí; 2 – Coimisiún; 3 – Ús; 4 – Díbhinní; 5. Costais nó ioncaim 6 – Cinn eile
C0110	Idirbheart	De réir mar is infheidhme, an ionstraim lena bhfuil an t-ioncam nó an caiteachas nasctha. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 – Bannaí/Fiachas; 2 – Cineál cothromais; 3 – Aistriú sócmhainní eile 4 – Díorthach; 5 – Mír lasmuigh den chlár comhardaithe; 6 – Seachfhoinsiú inghrúpa, comhroinnt costas inmheánach nó comhaontú cíosa 7 – Cinn eile
C0120	Airgeadra an idirbhirt	Sainaithin cód aibítre ISO 4217 an airgeadra inar tharla na híocaíochtaí don idirbheart P&L sonrach.
C0130	Dáta an idirbhirt	Sainaithin cód ISO 8601 (bbbb-mm-ll) dháta tosach feidhme an idirbhirt brabúis agus caillteanais.
C0140	Méid	Méid an idirbhirt nó an phraghais de réir comhaontú/conradh, arna thuairisciú in airgeadra tuairiscithe an ghrúpa.
C0150	Nótaí	Áireofar an méid a leanas sna nótaí: — fógra mura ndearnadh an t-idirbheart ar neamhthuilleamaí — aon fhaisnéis ábhartha eile maidir le cineál eacnamaíoch na hoibríochta

S.37.01 — Comhchruinniú rioscaí — Neamhchosaint ar chontrapháirtithe

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an bhfaisnéis a chuirtear isteach go bliantúil ar a laghad le haghaidh grúpaí.

Áireofar sa teimpléad seo gach comhchruinniú riosca suntasach idir eintitis a thagann faoi raon feidhme mhaoirseacht an ghrúpa agus tríú páirtithe, agus a fhéadann carnadh ó na neamhchosaintí ar riosca a luaitear sa teimpléad, gan beann ar an modh ríomha a roghnaíodh ná ar cibé acu a úsáideadh nó nár úsáideadh rialacha sócmhainneachta earnálacha chun an ghrúpshócmhainneacht a ríomh.

Is é is aidhm dó na neamhchosaintí suntasacha a chur i liosta (luach na neamhchosaintí i ngach cineál ionstraime atá liostaithe sa teimpléad) de réir contrapháirtí aonair atá lasmuigh de raon feidhme an ghrúpa. Má bhíonn baint ag níos mó ná eintiteas amháin den ghrúpa leis, is gá líne ar leithligh a sholáthar le haghaidh gach eintitis.

Is féidir a thuiscint gurb í an neamhchosaint is mó is féidir a bheith ann ar bhonn conarthach í agus nach gá go léirítear ar an gclár comhardaithe í, ar bhonn comhlán agus glanbhonn araon agus aon ionstraim nó teicníc um maolú riosca á tabhairt san áireamh. Is é maoirseoir an ghrúpa a shocraíonn na tairseacha i ndiaidh dó dul i gcomhairle leis an ngrúpa féin agus leis an gcoláiste.

Is é an t-eintiteas dlítheanach ba cheart na sonraí a thuairisciú.

Mír		TREORACHA
C0010	Ainm an chontrapháirtí sheachtraigh	Is é sin ainm chontrapháirtí seachtrach an ghrúpa.
C0020	Cód aitheantais chontrapháirtí seachtrach an ghrúpa	An cód aitheantais uathúil a chuirtear i gceangal leis an infheisteoir/ceannaitheoir/aistrí leis an ordú tosaíochta seo: — Aitheantóir an Eintitis Dhlítheanaigh (LEI); — Cód sonrach Cód sonrach: — Maidir le contrapháirtí seachtrach LEE: an cód aitheantais a úsáidtear sa mhargadh áitiúil, má tá an contrapháirtí seachtrach rialáilte – an cód aitheantais atá sannta ag údarás maoirseachta inniúil an chontrapháirtí sheachtraigh; — I gcás contrapháirtithe seachtracha nach bhfuil sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch soláthróidh an grúpa an cód aitheantais. Agus cód aitheantais á leithdháileadh ar gach contrapháirtí neamh-LEE nó neamhrialáilte, comhlíonfaidh an grúpa an fhormáid seo a leanas ar bhealach comhsheasmhach: cód aitheantais ghrúpa an chontrapháirtí sheachtraigh + cód alfa-2 ISO 3166-1 thír an chontrapháirtí sheachtraigh + 5 dhigit
C0030	Cineál cóid aitheantais chontrapháirtí seachtrach an ghrúpa	Cineál an Chóid Aitheantais a úsáidtear le haghaidh na míre “Cód aitheantais an contrapháirtí sheachtraigh”. Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – LEI 2 – Cód sonrach

Mír		TREORACHA
C0045	Ainm an ghrúpa (i gcás grúpa contrapháirtithe)	Ainm an ghrúpa sa chás gur leis an ngrúpa corparáideach céanna níos mó ná ceann amháin de na contrapháirtithe seachtracha
C0080	Rátáil	Rátáil an chontrapháirtí ar an dáta tagartha maidir le tuairisciú a eisíonn an institiúid ainmnithe um measúnú creidmheasa seachtrach (IMCS). I gcás ina mbíonn dá mheasúnú creidmheasa nó níos mó ar fáil ó IMCSanna ainmnithe, agus go gcomhfhreagraíonn siad do pharaiméadair dhifriúla le haghaidh mír rátáilte, úsáidfear an measúnú lena ngintear an ceanglas caipitil níos airde;
C0090	Institiúid ainmnithe um measúnú creidmheasa seachtrach	Sainaithin an institiúid um measúnú creidmheasa (IMCS), a thugann an rátáil sheachtrach in C0050;
C0100	Earnáil	Sainaithin earnáil eacnamaíoch an chontrapháirtí sheachtraigh bunaithe ar an leagan is déanaí de chód NACE (an chéad leibhéal ordlathais – an litir).
C0040	Tír	Sainaithin cód ISO (alfa-2 3166-1) na tíre óna dtagann an neamhchosaint. Má tá eisitheoir eintitis ann, mar shampla, is í sin an tír ina bhfuil ceanncheathrú eisitheoir an eintitis lonnaithe.
C0110	Eintiteas den ghrúpa	Ainm eintitis den ghrúpa atá páirteach sna neamhchosaintí. Baineann sé sin le gach eintiteas agus ní mór iontráil ar leithligh a thuairisciú le haghaidh gach eintitis. Má bhíonn baint ag níos mó ná eintiteas amháin den ghrúpa leis, is gá líne ar leithligh a sholáthar le haghaidh gach eintitis.
C0120	Cód aitheantais eintiteas an ghrúpa	Cód aitheantais an ghnóthais, ina n-úsáidtear an tosaíocht seo a leanas: — Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI), éigeantach más ann dó; — Cód sonrach i gcás nach ann do chód LEI. I gcás ina n-úsáideann an gnóthas an rogha "Cód sonrach", cuirfear na nithe seo a leanas san áireamh: — I gcás gnóthais rialáilte sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch seachas gnóthas árachais agus athárachais faoi raon feidhme mhaoirseacht an ghrúpa: cód aitheantais a úsáidtear sa mhargadh áitiúil, sannta ag údarás maoirseachta inniúil an ghnóthais; — I gcás gnóthais nach bhfuil sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus gnóthais neamhrialáilte a thagann faoi raon feidhme mhaoirseacht an ghrúpa, soláthróidh an grúpa an cód aitheantais. Agus cód aitheantais á leithdháileadh ar gach gnóthas nach bhfuil sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó gach gnóthas neamhrialáilte, cloífidh an grúpa leis an bhformáid a leanas ar bhealach comhsheasmhach: cód aitheantais an mháthairghnóthais + cód alfa-2 ISO 3166-1 thír an ghnóthais + 5 dhigit
C0125	Cineál chód aitheantais eintiteas an ghrúpa	An cineál cóid aitheantais a úsáidtear le haghaidh na míre "Cód aitheantais eintiteas an ghrúpa". Úsáidfear ceann de na roghanna sa liosta iata seo a leanas: 1 – LEI 2 – Cód sonrach

Mír		TREORACHA
C0180	Cothromas	Méid iomlán na neamhchosaintí in ionstraimí cothromais i leith an chontrapháirtí sheachtraigh. Má bhíonn baint ag níos mó ná eintiteas amháin den ghrúpa leis, is gá líne ar leithligh a sholáthar le haghaidh gach eintitis.
C0190	Bannaí	Méid iomlán na neamhchosaintí in ionstraimí banna i leith an chontrapháirtí sheachtraigh. Má bhíonn baint ag níos mó ná eintiteas amháin den ghrúpa leis, is gá líne ar leithligh a sholáthar le haghaidh gach eintitis. Na neamhchosaintí a bhfuil feidhm ag na díolúintí (C0260) maidir leo, ba cheart iad a áireamh sa chill seo.
C0200	Sócmhainní arb iad na sealbhóirí polasaí a iompraíonn a rioscaí den chuid is mó	An méid iomlán neamhchosaintí i sócmhainní arb iad na sealbhóirí polasaí den chuid is mó a iompraíonn a rioscaí i leith an chontrapháirtí sheachtraigh. Má bhíonn baint ag níos mó ná eintiteas amháin den ghrúpa leis, is gá líne ar leithligh a sholáthar le haghaidh gach eintitis. Níor cheart cur chuige na trédhearcachta a úsáid ach nuair a bhíonn sé ar fáil.
C0210	Díorthaigh	Méid iomlán na neamhchosaintí i ndíorthaigh i leith an chontrapháirtí sheachtraigh. Má bhíonn baint ag níos mó ná eintiteas amháin den ghrúpa leis, is gá líne ar leithligh a sholáthar le haghaidh gach eintitis. Déanfar na díorthaigh a thuairisciú ag a gcostas athsholáthair. Más féidearthacht é an cúiteamh i measc na neamhchosaintí éagsúla, féadfar na sonraí a sholáthar mar ghlanluachanna (i.e. neamhchosaint fhada + neamhchosaint ghearr).
C0220	Infheistíochtaí eile	Méid iomlán na neamhchosaintí in infheistíochtaí eile i leith an chontrapháirtí sheachtraigh. Má bhíonn baint ag níos mó ná eintiteas amháin den ghrúpa leis, is gá líne ar leithligh a sholáthar le haghaidh gach eintitis
C0230	Iasachtaí agus morgáistí	Méid iomlán na neamhchosaintí in iasachtaí agus morgáistí i leith an chontrapháirtí sheachtraigh. Má bhíonn baint ag níos mó ná eintiteas amháin den ghrúpa leis, is gá líne ar leithligh a sholáthar le haghaidh gach eintitis
C0240	Ráthaíochtaí agus Gealltanais	Méid iomlán na neamhchosaintí (i.e. an neamhchosaint uasta iarbhír ag brath ar dhliteanas an eintitis) i ráthaíochtaí agus gealltanais (lena n-áirítear tráthchodanna neamhíoctha d'iasachtaí) i leith an chontrapháirtí sheachtraigh. Má bhíonn baint ag níos mó ná eintiteas amháin den ghrúpa leis, is gá líne ar leithligh a sholáthar le haghaidh gach eintitis Ba cheart ráthaíochtaí arna n-eisiúint ag eintitis an ghrúpa a thuairisciú sa cholún seo, agus ba cheart ráthaíochtaí inar tairbhithe iad eintitis an ghrúpa a thuairisciú mar asbhaint um maolú riosca creidmheasa nó árachais (C0260) agus sa chill le haghaidh neamhchosaintí indíreacha (C0220).
C0250	Polasaithe árachais	Méid iomlán na neamhchosaintI sna polasaithe árachais (an teorainn dliteanais nó an tsuim faoi árachas ag brath ar an gceann ina léirítear an neamhchosaint uasta fhéideartha)
C0260	Athárachas seachtrach	Méid iomlán na neamhchosaintí in athárachas seachtrach i leith an chontrapháirtí sheachtraigh. I gcomhréir le rialacha earnálacha, ba cheart na méideanna a thuairiscítear a bheith ina méideanna in-aisghabhála. Má bhíonn baint ag níos mó ná eintiteas amháin den ghrúpa leis, is gá líne ar leithligh a sholáthar le haghaidh gach eintitis.
C0270	neamhchosaintí díreacha eile	Méid iomlán na neamhchosaintí in ionstraimí eile i leith an chontrapháirtí sheachtraigh. Má bhíonn baint ag níos mó ná eintiteas amháin den ghrúpa leis, is gá líne ar leithligh a sholáthar le haghaidh gach eintitis. Más féidearthacht é an cúiteamh, féadfar an glanluach a chur i láthair.

Mír		TREORACHA
C0280	Tuairisc ar nithe eile	Tuairisc ar na hionstraimí eile a thuairiscítear in C0200
C0290	Neamhchosaintí indíreacha	Is “neamhchosaintí indíreacha” iad na neamhchosaintí a leithdháiltear ar ráthóir nó ar eisitheoir na comhthaobhachta seachas ar an iasachtaí láithreach. Déanfar tagairt cosanta na neamhchosanta tosaigh (neamhchosaint dhíreach) a asbhaint ón neamhchosaint ar an iasachtaí tosaigh sna colúin le haghaidh “Teicnící um maolú priacail creidmheasa incháilithe”. Méadóidh an neamhchosaint indíreach an neamhchosaint ar ráthóir nó eisitheoir na comhthaobhachta trí éifeacht ionadaíochta.
C0300	Idirbhearta a bhfuil neamhchosaint ar shócmhainní foluiteacha iontu	Méid iomlán na neamhchosanta trí idirbhearta mar shampla suíomhanna urrúsúcháin nó neamhchosaintí i bhfoirm aonaid nó scaireanna i ngnóthais chomhinfheistíochta (“GCanna”) nó trí idirbhearta eile ina bhfuil neamhchosaint ar shócmhainní foluiteacha,
C0160	Airgeadra	Sainaithin cód aibítre ISO 4217 airgeadra na neamhchosanta
C0150	Méid iomlán na neamhchosanta	Neamhchosaint iomlán i leith contrapháirtí aonair, i gcás ina ndéantar an tsócmhainn agus na dliteanais atá dlite ó chontrapháirtí aonair agus dó nó di a ghlanluacháil chun an ghlan-neamhchosaint iomlán uasta a shainmhíniú, i gcás inar féidir. Leis an Neamhchosaint iomlán, tomhaistear treo an mhargaidh i dtreo contrapháirtí aonair, agus sainmhínítear mar a leanas í: Neamhchosaint fhada + neamhchosaint ghearr (contrártha do neamhchosaint chomhlán uasta nach n-iarrtar anseo (neamhchosaint fhada + dearbhluach na neamhchosanta giorra)). Ní thabharfar san áireamh aon ionstraim ná teicníc um maolú riosca agus an mhír seo á cinneadh.
C0310	Teicníc um maolú riosca creidmheasa nó árachais	Aon asbhaint a leanann as cur i bhfeidhm na teicníce um maolú riosca árachais a cheadaítear, mar shampla athárachas, úsáid díorthach. A mhéid a bhaineann le neamhchosaintí árachais, i gcás athárachas neamhréireach lena gcuimsítear níos mó ná contrapháirtí amháin, ba cheart na hasbhaintí a leithdháileadh go comhréireach nó, mar mhalairt air sin, de réir miondealú a bhfuil údar leis arna chomhaontú le maoirseoir an ghrúpa.
C0320	Díolúintí	Aon asbhaint a leanann as cur i bhfeidhm díolúintí de réir Airteagal 187 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35)
C0330	Méid na neamhchosaintí tar éis Teicníc um maolú riosca creidmheasa nó árachais agus díolúintí	Méid na neamhchosaintí tar éis na Teicníce um maolú riosca creidmheasa nó árachais agus díolúintí (glanmhéid)

S.37.02 — Comhchruinniú Riosca — Neamhchosaintí de réir airgeadra, earnála, tíre

Barúlacha ginearálta:

Áireofar ar na táblaí an comhchruinniú riosca idir eintitis laistigh de raon feidhme na maoirseachta grúpa agus tríú páirtithe. Ba cheart gach neamhchosaint a léiriú de réir airgeadra, earnála agus tíre, ag tosú leis an neamhchosaint is mó go dtí an ceann is lú. I gcás nach ábhartha í an tír, earnáil ná airgeadra, féadfar na figiúirí a thuairisciú faoi chatagóir “Eile”.

Ba cheart an “earnáil” a chur i láthair sa scoilt le haghaidh chód NACE an chéad leibhéal dí-chomhiomlánaithe (litir). Beidh na táblaí bunaithe ar na neamhchosaintí uile (clár comhardaithe iomlán) tar éis teicníc um maolú riosca creidmheasa nó árachais agus díolúintí (glanmhéid).

	ÍTIM	TREORACHA
C0010	Limistéar airgeadra	Airgeadra na neamhchosanta. Ba cheart neamhchosaintí a thuairisciú in ord tábhachta.
C0030	Glan-neamhchosaint	Neamhchosaint i ndiaidh na teicníce um maolú riosca árachais agus díolúintí (glanmhéid).
C0040	%	Sciar de na sócmhainní iomlána faoi neamhchosaint.
C0050	Earnáil	Earnáil na neamhchosanta. Ba cheart neamhchosaintí a thuairisciú in ord tábhachta.
C0060	Tír	Tír na neamhchosanta. Ba cheart neamhchosaintí a thuairisciú in ord tábhachta.
C0070/R0010	Glan-neamhchosaint iomlán de réir airgeadra	Suim na nglan-neamhchosaintí arna dtuairisciú de réir airgeadra.
C0070/R0020	Glan-neamhchosaint iomlán de réir earnála	Suim na nglan-neamhchosaintí arna dtuairisciú de réir earnála.
C0070/R0030	Glan-neamhchosaint iomlán de réir tíre	Suim na nglan-neamhchosaintí arna dtuairisciú de réir tíre.

S.37.03 - Comhchruinniú Rioscaí – Neamhchosaint ar chomhchruinniú riosca de réir cineál agus rátáil sócmhainní

Barúlacha ginearálta:

Áireofar ar na táblaí an comhchruinniú riosca uile idir eintitis laistigh de raon feidhme na maoirseachta grúpa agus tríú páirtithe arna n-ionadú ag teaglaim de na príomhchineálacha agus rátáil sócmhainní. Maidir le bannaí, cuirtear na táblaí i láthair trí theaglaim de chineál sócmhainní agus rátáil urrús. Maidir le neamhchosaint ar chothromas, déanfar méid iomlán na neamhchosainta agus sciar de shócmhainní iomlána na neamhchosainta ar chothromas (clár comhardaithe iomlán) a thuairisciú

Beidh an tábla bunaithe ar na neamhchosaintí uile laistigh den chineál sócmhainní sonraithe, tar éis teicníc um maolú riosca creidmheasa nó árachais agus díolúintí (glanmhéid).

I gcás ina mbíonn dá mheasúnú creidmheasa nó níos mó ar fáil ó IMCSanna ainmnithe, agus go gcomhfhreagraíonn siad do pharaiméadair dhifriúla le haghaidh mír rátáilte, úsáidfear an measúnú lena ngintear an ceanglas caipitil níos airde.

	ÍTIM	TREORACHA
C0010/R0010	Iomlán - Glan-neamhchosaint	Neamhchosaint iomlán ar chaipiteal gnáthscaireanna i ndiaidh na teicníce um maolú riosca árachais agus díolúintí (glanmhéid).
Z0010	Cineálacha bannaí	An scoilt idir na haicmí bannaí seo a leanas: 1 – Bannaí rialtais, bannaí eagraíochta airgeadais idirnáisiúnta agus bannaí bainc ceannais 2 – Rialtais réigiúnacha, údaráis áitiúla agus bannaí eintitis na hearnála poiblí 3 – Bannaí corparáide
C0010/R0020-R0070	Glan-neamhchosaint	Neamhchosaint i ndiaidh na teicníce um maolú riosca árachais agus díolúintí (glanmhéid).
C0020/R0020-R0070	%	Sciar de na sócmhainní iomlána faoi neamhchosaint.

IARSCRÍBHINN IV

Catagóirí sócmhainní

Catagóir		Sainmhíniú
1	Bannaí rialtais	Bannaí arna n-eisiúint ag údaráis phoiblí, cibé ag rialtais láir, institiúidí rialtais fornáisiúnta, rialtais réigiúnacha nó údaráis áitiúla, agus bannaí atá ráthaithe go hiomlán, go neamhchoinníollach agus go neamh-inchúlghairthe ag an mBanc Ceannais Eorpach, ag rialtas láir agus ag bainc cheannais na mBallstát, ag bainc forbartha iltaobhacha dá dtagraítear i mír 2 d'Airteagal 117 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nó ag eagraíochtaí idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 118 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ag rialtais réigiúnacha agus ag údaráis áitiúla a liostaítear in Airteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2011, i gcás ina gcomhlíonann an ráthaíocht na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 215 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
2	Bannaí corparáide	Bannaí arna n-eisiúint ag corparáidí
3	Cothromas	Scaireanna agus urrúis eile atá i gcoibhéis le scaireanna a léiríonn caipiteal corparáidí, i.e., a léiríonn úinéireacht i gcorparáid
4	Gnóthais Chomhinfheistíochta	Ciallaíonn 'gnóthas comhinfheistíochta' gnóthas le haghaidh comhinfheistíochta in urrúis inaistrithe (GCUI) mar a shainmhínítear in Airteagal 1(2) de Threoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle nó ciste infheistíochta malartach (AIF) mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1)(a) de Threoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.
5	Nótaí struchtúrtha	Urrúis hibride, lena gcónasctar ionstraim ioncaim sheasta (toradh i bhfoirm íocaíochtaí socraithe) le sraith comhpháirteanna díorthach. Níl urrúis ioncaim sheasta a eisíonn rialtais cheannasacha san áireamh sa chatagóir seo. Baineann sé le hurrúis a bhfuil catagóir amháin nó teaglaim catagóirí díorthach leabaithe acu, lena n-áirítear Babhtálacha Mainneachtana Creidmheasa (CDS), Babhtálacha Aibíochta Tairisí (CMS), Roghanna Mainneachtana Creidmheasa (CDOp). Níl sócmhainní faoin gcatagóir seo faoi réir díchuachadh
6	Urrúis chomhthaobhaithe	Urrúis a ndíorthaítear a luach agus a n-íocaíochtaí ó phunann sócmhainní foluiteacha. Áirítear leo Urrúis de bhun Sócmhainní (ABS), urrúis Mhorgáiste (MBS), Urrúis Thráchtálacha le Taca Morgáistí (CMBS), Oibleagáidí Fiachais atá Comhthaobhaithe (CDO), Oibleagáidí Iasachta atá Comhthaobhaithe (CLO), Oibleagáidí Morgáiste atá Comhthaobhaithe (CMO). Níl sócmhainní faoin gcatagóir seo faoi réir díchuachadh
7	Airgead agus taiscí	Airgead san fhoirm fhisiceach, coibhéisí airgid, taiscí bainc agus taiscí eile airgid
8	Morgáistí agus iasachtaí	Sócmhainní airgeadais a chruthaítear nuair a thugann creidiúnaithe cistí ar iasacht d'fhéichiúnaithe, le comhthaobhacht nó dá huireasa, lena n-áirítear comhthiomsuithe airgid.

Catagóir		Sainmhíniú
9	Maoin	Foirgnimh, talamh, déantúis eile atá dochorraithe agus trealamh
0	Infheistíochtaí eile	Sócmhainní eile a bhfuil tuairisciú orthu in 'Infheistíochtaí eile'
A	Todhchaíochtaí	Conradh caighdeánaithe idir dhá pháirtí chun sócmhainn shonraithe de chainníocht agus de cháilíocht chaighdeánaithe a cheannach nó a dhíol ar dháta sonraithe sa todhchaí ar phraghas a chomhaontófar inniu
B	Céadroghanna ar cheannach	Conradh idir dhá pháirtí a bhaineann le sócmhainn a cheannach ar phraghas tagartha le linn tráthchlár sonraithe, i gcás ina ngnóthaíonn ceannaitheoir na céadrogha ar cheannach an ceart, ach ní an oibleagáid, an tsócmhainn fholuiteach a cheannach
C	Céadroghanna ar dhíol	Conradh idir dhá pháirtí a bhaineann le sócmhainn a dhíol ar phraghas tagartha le linn tráthchlár sonraithe, i gcás ina ngnóthaíonn ceannaitheoir na céadrogha ar dhíol an ceart, ach ní an oibleagáid, an tsócmhainn fholuiteach a dhíol
D	Babhtálacha	Conradh ina malartaíonn contrapháirtithe sochair áirithe d'ionstraim airgeadais páirtí amháin ar shochair ionstraim airgeadais an pháirtí eile, agus ina mbíonn na sochair lena mbaineann ag brath ar an gcineál ionstraimí airgeadais a bhíonn i dtrácht
E	Conarthaí réamhcheaptha	Conradh neamhchaighdeánaithe idir dhá pháirtí chun sócmhainn a cheannach nó a dhíol ag am sonraithe sa todhchaí ar phraghas a chomhaontófar inniu
F	Díorthaigh chreidmheasa	Díorthach a ndíorthaítear a luach ón riosca creidmheasa ar bhanna, iasacht nó aon sócmhainn airgeadais fholuiteach eile

IARSCRÍBHINN V

Tábla an Chóid Aitheantais Chomhlántaigh (CIC)

An chéad dá shuíomh	Sócmhainn a liostaítear in	Cód tíre ISO 3166-1-alpha-2, XV, XL nó XT									
An tríú suíomh	Catagóir	1	2	3	4	5	6	7	8	9	0
		Bannaí rialtais	Bannaí corparáide	Cothromas	Cistí infheistíochta, Gnóthais chomhinfheistíochta	Nótaí struchtúrtha	Urrúis chomhthaobhaithe	Airgead agus taiscí	Morgáistí agus iasachtaí	Maoin	Infheistíochtaí eile
An ceathrú suíomh	Fochatagóir nó príomhriosca	1	1	1	1	1	1	1	1	1	
		Bannaí Rialtais Láir	Bannaí corparáide	Gnáthchothromas	Cistí cothromais	Riosca gnáthscaireanna	Riosca gnáthscaireanna	Airgead	Iasachtaí neamhchomhthaobhaithe a rinneadh	Maoin (oifige agus tráchtála)	
		2	2	2	2	2	2	2	2	2	
		Bannaí fornáisiúnta	Bannaí inchomhshóite	Cothromas corparáid a bhaineann le réadmhaoin	Cistí fiachais	Riosca an ráta úis	Riosca an ráta úis	Taiscí inaistrithe (coibhéisí airgid)	Iasachtaí arna gcomhthaobhú le hurrúis	Réadmhaoin (chónaithe)	
		3	3	3	3	3	3	3		3	
		Bannaí rialtais réigiúnaigh	Páipéar tráchtála	Cearta cothromais	Cistí margaidh airgid	Riosca airgeadra	Riosca airgeadra	Taiscí eile gearrthéarmacha (níos lú nó cothrom le bliain amháin)		Maoin (chun críche úsáide dílse)	

An chéad dá shuíomh	Sócmhainn a liostaítear in	Cód tíre ISO 3166-1-alpha-2, XV, XL nó XT									
		4	4	4	4	4	4	4	4	4	
		Bannaí údarás áitiúil	Ionstraimí margaidh airgid	Cothromas tosaíochta	Cistí leithdháilte sócmhainní	Riosca creid-mheasa	Riosca creidmheasa	Taiscí eile a bhfuil téarma níos faide ná bliain amháin acu	Morgáistí agus iasachtaí	Maoin (á tógáil i gcomhair infheistí-ochta)	
		5	5		5	5	5	5	5	5	
		Bannaí státchiste	Bannaí hibrideacha		Cistí réadmhaoine	Riosca réad-mhaoine	Riosca réadmhaoine	Éarlaisí do na hárachóirí géillte	Iasachtaí comh-thaobh-aithe eile a rinneadh	Gléasra agus trealamh (chun críche úsáide dílse)	
		6	6		6	6	6		6	6	
		Banna faoi chumhdach	Bannaí coiteanna faoi chumhdach		Cistí malartacha	Riosca tráchtearraí	Riosca tráchtearraí		Iasachtaí ar pholasaithe	Maoin (á tógáil chun críche úsáide dílse)	
		7	7		7	7	7		7		
		Bannaí na mBanc Ceannais Náisiúnta	Bannaí faoi chumhdach faoi réir dlí sonrach		Cistí cothromais phríobháidigh	Riosca tubaiste agus aimsire	Riosca tubaiste agus aimsire		Iasachtaí do chomhaltaí AMSB		
		8	8		8	8	8		8		
		Bannaí rialtais nach bhfuil ainmnithe san airgeadra náisiúnta	Fobhannaí		Cistí bonneagair	Riosca mortlaí-ochta	Riosca mortlaíochta		Iasachtaí do dhaoine nádúrtha eile		
		9	9	9	9	9	9	9	9	9	9
		Eile	Eile	Eile	Eile	Eile	Eile	Eile	Eile	Eile	Eile

An tríú suíomh	Catagóir	A	B	C	D	E	F
		Todhchaíochtaí	Céadroghanna ar cheannach	Céadroghanna ar dhíol	Babhtálacha	Conarthaí réamhcheaptha	Díorthaigh chreidmheasa
An ceathrú suíomh	Fochatagóir nó príomhriosca	1	1	1	1	1	1
		Todhchaíochtaí cothromais agus innéacsanna	Roghanna cothromais agus innéacs	Roghanna cothromais agus innéacs	Babhtálacha ráta úis	Comhaontú ar réamhráta	Babhtáil mainneachtana creidmheasa
		2	2	2	2	2	2
		Todhchaíochtaí ráta úis	Roghanna bannaí	Roghanna bannaí	Babhtálacha airgeadra	Conradh réamh-mhalairte	Rogha maidir le raon difríochta creidmheasa
		3	3	3	3		3
		Todhchaíochtaí airgeadraí	Céadroghanna airgeadraí	Céadroghanna airgeadraí	Babhtálacha ráta úis agus airgeadra		Babhtáil an raoin difríochta creidmheasa
			4	4	4		4
			Barántais	Barántais	Babhtáil an toraidh iomláin		Babhtáil an toraidh iomláin
		5	5	5	5		
		Todhchaíochtaí tráchtearraí	Roghanna tráchtearraí	Roghanna tráchtearraí	Babhtálacha urrúis		
			6	6			
			Roghtálacha	Roghtálacha			
		7	7	7	7	7	
		Riosca tubaiste agus aimsire	Riosca tubaiste agus aimsire	Riosca tubaiste agus aimsire	Riosca tubaiste agus aimsire	Riosca tubaiste agus aimsire	
		8	8	8	8	8	
		Riosca mortlaíochta	Riosca mortlaíochta	Riosca mortlaíochta	Riosca mortlaíochta	Riosca mortlaíochta	
		9	9	9	9	9	9
		Eile	Eile	Eile	Eile	Eile	Eile

IARSCRÍBHINN VI

Sainmhínithe an Tábla CIC

An chéad dá shuíomh — Sócmhainní a liostaítear in		Sainmhíniú
An tríú agus an ceathrú suíomh — Catagóir		Sainmhíniú
Tír	Cód tíre ISO 3166-1-alpha-2	Cód tíre ISO 3166-1-alpha-2 ina bhfuil an tsócmhainn liostaithe a shainaithint. Meastar go bhfuil sócmhainn liostaithe má dhéantar í a chaibidliú ar mhargadh rialáilte nó ar shaoráid trádála iltaobhach, mar a shainmhínítear le Treoir 2014/65/AE. Má liostaítear an tsócmhainn i níos mó ná tír amháin nó má úsáideann an gnóthas soláthraí praghsanna chun críoch luachála atá ar cheann de na margaí rialáilte nó an tsaoráid trádála iltaobhach ina bhfuil an tsócmhainn liostaithe, is í an tír a bheidh i gceist an tír sin den mhargadh rialáilte nó den tsaoráid trádála iltaobhach sin a úsáidtear mar thagairt chun críoch luachála.
XV	Sócmhainní a liostaítear i dtír amháin nó i níos mó ná tír amháin	Sócmhainní a shainaithint a liostaítear i dtír amháin nó níos mó ach nuair a úsáideann an gnóthas soláthraí praghsanna chun críoch luachála nach bhfuil ar cheann de na margaí rialáilte nó an tsaoráid trádála iltaobhach ina bhfuil an tsócmhainn liostaithe.
XL	Sócmhainní nach liostaítear i stocmhalartán	Sócmhainní a shainaithint nach ndéantar a chaibidliú ar mhargadh rialáilte nó ar shaoráid trádála iltaobhach, mar a shainmhínítear le Treoir 2014/65/AE.
XT	Sócmhainní nach bhfuil intrádála le malartú	Sócmhainní a shainaithint nach bhfuil, de bharr a gcineáil, faoi réir caibidliú ar mhargadh rialáilte ná ar shaoráid trádála iltaobhach, mar a shainmhínítear le Treoir 2014/65/AE.
1	*Bannaí rialtais*	*Bannaí arna n-eisiúint ag údaráis phoiblí, cibé ag rialtais láir, institiúidí rialtais fornáisiúnta, rialtais réigiúnacha nó údaráis áitiúla, agus bannaí atá ráthaithe go hiomlán, go neamhchoinníollach agus go neamh-inchúlghairthe ag an mBanc Ceannais Eorpach, ag rialtas láir agus ag bainc cheannais na mBallstát, ag bainc forbartha iltaobhacha dá dtagraítear i mír 2 d'Airteagal 117 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nó ag eagraíochtaí idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 118 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ag rialtais réigiúnacha agus ag údaráis áitiúla a liostaítear in Airteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2011, i gcás ina gcomhlíonann an ráthaíocht na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 215 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.* *Maidir le bannaí lena ngabhann ráthaíocht cháilitheach, déanfar an tríú agus an ceathrú suíomh a shannadh trí thagairt don eintiteas a sholáthraíonn an ráthaíocht.*
11	Bannaí Rialtais Láir	Bannaí arna n-eisiúint ag rialtais láir agus bannaí atá ráthaithe go hiomlán, go neamhchoinníollach agus go neamh-inchúlghairthe ag rialtais láir na mBallstát, seachas bannaí atá ainmnithe agus cistithe in airgeadra atá éagsúil le hairgeadra náisiúnta an rialtais láir sin.
12	Bannaí fornáisiúnta	Bannaí arna n-eisiúint ag institiúidí poiblí a bhunaítear trí ghealltanas idir stáit náisiúnta, e.g. arna n-eisiúint ag an mbanc forbartha iltaobhach dá dtagraítear i mír 2 d'Airteagal 117 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nó arna n-eisiúint ag an eagraíocht idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 118 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

An chéad dá shuíomh — Sócmhainní a liostaítear in		Sainmhíniú
An tríú agus an ceathrú suíomh — Catagóir		Sainmhíniú
13	Bannaí rialtais réigiúnaigh	Ionstraimí fiachais rialtais réigiúnaigh nó pobal féinrialaitheach a thairgtear don phobal i dtairiscint phoiblí ar an margadh caipitil agus bannaí atá ráthaithe go hiomlán, go neamhchoinníollach agus go neamh-inchúlghairthe ag rialtais réigiúnacha a liostaítear in Airteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2011.
14	Bannaí údarás áitiúil	Bannaí arna n-eisiúint ag údaráis áitiúla, lena n-áirítear cathracha, cúigí, ceantair agus údaráis bhardasacha eile agus bannaí atá ráthaithe go hiomlán, go neamhchoinníollach agus go neamh-inchúlghairthe ag údaráis áitiúla a liostaítear in Airteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2011.
15	Bannaí státchiste	Bannaí rialtais ghearrthéarmacha, arna n-eisiúint ag rialtais láir (arna n-eisiúint le téarma aibíochta suas le 1 bhliain amháin) agus bannaí atá ráthaithe go hiomlán, go neamhchoinníollach agus go neamh-inchúlghairthe ag an mBanc Ceannais Eorpach, ag rialtas láir agus ag bainc cheannais na mBallstát (arna n-eisiúint le téarma aibíochta suas le 1 bhliain amháin).
16	Bannaí faoi chumhdach	Bannaí rialtais agus bannaí atá ráthaithe go hiomlán, go neamhchoinníollach agus go neamh-inchúlghairthe ag an mBanc Ceannais Eorpach, ag rialtas láir agus ag bainc cheannais na mBallstát, bannaí ag a bhfuil comhthiomsú sócmhainní lena n-urraítear nó lena 'gcumhdaítear' an banna. Fanann na sócmhainní sin ar chlár comhardaithe an eisitheora.
17	Bainc Cheannais Náisiúnta	Bannaí arna n-eisiúint ag bainc cheannais náisiúnta agus bannaí atá ráthaithe go hiomlán, go neamhchoinníollach agus go neamh-inchúlghairthe ag an mBanc Ceannais Eorpach agus ag bainc cheannais, seachas bannaí atá ainmnithe agus cistithe in airgeadra atá éagsúil le hairgeadra náisiúnta an bhainc ceannais sin.
18	Bannaí rialtais nach bhfuil ainmnithe san airgeadra náisiúnta	Bannaí arna n-eisiúint ag rialtais láir agus ag bainc cheannais atá ainmnithe agus cistithe in airgeadra atá éagsúil le hairgeadra náisiúnta an rialtais láir sin agus an bhainc cheannais.
19	Eile	Bannaí eile rialtais agus bannaí atá ráthaithe go hiomlán, go neamhchoinníollach agus go neamh-inchúlghairthe ag an mBanc Ceannais Eorpach, ag rialtas láir agus ag bainc cheannais na mBallstát, ar bannaí iad nach n-aicmítear faoi na catagóirí thuasluaite.
2	*Bannaí corparáide*	*Bannaí arna n-eisiúint ag corparáidí*
21	Bannaí corparáide	Bannaí arna n-eisiúint ag corparáidí, lena ngabhann saintréithe simplí, a chumhdaíonn na cinn dá dtagraítear mar 'bhintiúr banna cúpóin sheasta', agus nach bhfuil aon ghné speisialta ag baint leo ar a dtugtar tuairisc sna catagóirí ó 22 go 28.
22	Bannaí in-chomhshóite	Bannaí corparáide ar féidir leis an sealbhóir bannaí nó leis an eisitheoir bannaí iad a chomhshó ina scaireanna de ghnáthscaireanna sa chuideachta is eisitheoir nó ina n-airgead ar comhionann a luach, ag a bhfuil gnéithe fiachais agus gnéithe atá cosúil le cothromas.

An chéad dá shuíomh — Sócmhainní a liostaítear in		Sainmhíniú
An tríú agus an ceathrú suíomh — Catagóir		Sainmhíniú
23	Páipéar tráchtála	Ionstraim fiachais neamhurraithe, ghearrthéarmach arna heisiúint ag corparáid, chun cuntais infhála agus fardail a chistiú agus dliteanais ghearrthéarmacha a chomhlíonadh de ghnáth, le haibíocht tosaigh níos lú ná 270 lá de ghnáth.
24	Ionstraimí margaidh airgid	Urrúis fiachais an-ghearrthéarmach (le haibíochtaí ó 1 lá amháin suas le 1 bhliain amháin de ghnáth), ina gcuimsítear deimhnithe taisce inaistrithe den chuid is mó, glacachtaí baincéirí agus ionstraimí ardleachtacha eile. Ní áirítear Páipéar Tráchtála sa chatagóir seo.
25	Bannaí hibrideacha	Bannaí corparáide ag a bhfuil gnéithe fiachais agus gnéithe atá cosúil le cothromas, ach nach féidir a chomhshó.
26	Bannaí coiteanna faoi chumhdach	Bannaí corparáide ag a bhfuil comhthiomsú sócmhainní lena n-urraítear nó lena ‘gcumhdaítear’ an banna. Fanann na sócmhainní sin ar chlár comhardaithe an eisitheora. Ní áirítear bannaí faoi chumhdach atá faoi réir dlí sonrach sa chatagóir seo
27	Bannaí faoi chumhdach faoi réir dlí sonrach	Bannaí corparáide ag a bhfuil comhthiomsú sócmhainní lena n-urraítear nó lena ‘gcumhdaítear’ an banna má éiríonn an tionscnóir dócmhainneach agus iad faoi réir maoirseacht speisialta phoiblí de réir an dlí arna ceapadh chun sealbhóirí bannaí a chosaint, mar a shainmhínítear in Airteagal 52(4) de Threoir 2009/65/CE. Sampla den chatagóir seo is ea Pfandbrief: ‘Bannaí faoi chumhdach a eisítear ar bhonn an Achta Pfandbrief. Úsáidtear iad chun iasachtaí dá gcuirtear comhthaobhacht isteach i bhfoirm iasachtaí arna n-urrú ag liain réadmhaoine (Pfandbrief Morgáiste), iasachtaí na hearnála poiblí (Pfandbrief Poiblí), morgáistí long (Pfandbrief Long) nó morgáistí aerárthaí (Pfandbrief Aerárthaí). Dá bhrí sin, tagraíonn an t-idirdhealú a dhéantar idir na cineálacha Pfandbrief sin don chomhthiomsú cumhdaigh a cruthaíodh maidir le gach cineál Pfandbrief.’
28	Fobhannaí	Bannaí corparáide lena ngabhann tosaíocht níos ísle ná bannaí eile de chuid an eisitheora i gcás leachtaithe.
29	Eile	Bannaí corparáide eile, le saintréithe eile seachas na cinn a sainaithníodh sna catagóirí thuasluaite.
3	*Cothromas*	*Scaireanna agus urrúis eile is comhionann le scaireanna lena léirítear caipiteal corparáidí, i.e., lena léirítear úinéireacht i gcorparáid.*
31	Gnáthchothromas	Cothromas lena léirítear bunchearta maoine ar chorparáidí.
32	Cothromas corparáid a bhaineann le réadmhaoin	Cothromas lena léirítear caipiteal ó chorparáidí a bhaineann le réadmhaoin.
33	Cearta cothromais	Cearta chun suibscríobh do scaireanna cothromais breise ar phraghas socraithe.

An chéad dá shuíomh — Sócmhainní a liostaítear in		Sainmhíniú
An tríú agus an ceathrú suíomh — Catagóir		Sainmhíniú
34	Cothromas tosaíochta	Urrús cothromais arb urrús sinsearach é leis an ngnáthchothromas, agus éileamh níos airde aige ar shócmhainní agus ar thuilleamh i gcomparáid le gnáthchothromas, ach é faoi réir bannaí.
39	Eile	Cothromas eile, nach n-aicmítear faoi na catagóirí thuasluaite.
4	*Gnóthais Chomhinfheistíochta*	*Ciallaíonn 'gnóthas comhinfheistíochta' gnóthas le haghaidh comhinfheistíochta in urrúis inaistrithe (GCUI), mar a shainmhínítear in Airteagal 1(2) de Threoir 2009/65/CE nó ciste infheistíochta malartach (CIM) mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1)(a) de Threoir 2011/61/AE.*
41	Cistí cothromais	Gnóthais chomhinfheistíochta atá infheistithe i gcothromas den chuid is mó.
42	Cistí fiachais	Gnóthais chomhinfheistíochta atá infheistithe i mbannaí den chuid is mó.
43	Cistí margaidh airgid	Gnóthais chomhinfheistíochta faoin sainmhíniú arna sholáthar ag ESMA (CESR/10-049).
44	Cistí leithdháilte sócmhainní	Gnóthais chomhinfheistíochta a infheistíonn a gcuid sócmhainní d'fhonn cuspóir sonrach a bhaint amach maidir le leithdháileadh sócmhainní, e.g. ag infheistiú den chuid is mó in urrúis cuideachtaí i dtíortha ina bhfuil stocmhargaí nuafhorbartha nó geilleagair bheaga, earnálacha sonracha nó grúpaí earnálacha, tíortha sonracha nó cuspóir infheistíochta sonrach eile
45	Cistí réadmhaoine	Gnóthais chomhinfheistíochta a infheistíonn i réadmhaoin den chuid is mó
46	Cistí malartacha	Gnóthais chomhinfheistíochta a gcuimsítear fálú, luach treoch agus coibhneasta ioncaim sheasta, bunaithe ar theagmhais, todhchaíochtaí bainistithe, tráchtearraí, etc. ina gcuid straitéisí infheistíochta.
47	Cistí cothromais phríobháidigh	Gnóthais chomhinfheistíochta a úsáidtear chun infheistíochtaí a dhéanamh in urrúis chothromais i ndiaidh straitéisí atá bainteach le cothromas príobháideach.
48	Cistí bonneagair	Gnóthais chomhinfheistíochta a infheistíonn i sócmhainní Bonneagair mar a shainmhínítear i bpointe 55a nó 55b d'Airteagal 1 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.
49	Eile	Gnóthais Chomhinfheistíochta eile, nach n-aicmítear faoi na catagóirí thuasluaite.
5	*Nótaí struchtúrtha*	*Urrúis hibride, lena gcónasctar ionstraim ioncaim sheasta (toradh i bhfoirm íocaíochtaí socraithe) le sraith comhpháirteanna díorthach. Níl urrúis ioncaim sheasta a eisíonn rialtais cheannasacha san áireamh sa chatagóir seo. Baineann sé le hurrúis a bhfuil catagóir amháin nó teaglaim catagóirí díorthach leabaithe acu, lena n-áirítear Babhtálacha Mainneachtana Creidmheasa (CDS), Babhtálacha Aibíochta Tairisí (CMS), Roghanna Mainneachtana Creidmheasa (CDOp). Níl sócmhainní faoin gcatagóir seo faoi réir díchuachadh.*
51	Riosca gnáthscaireanna	Nótaí struchtúrtha atá neamhchosanta ar riosca gnáthscaireanna den chuid is mó

An chéad dá shuíomh — Sócmhainní a liostaítear in		Sainmhíniú
An tríú agus an ceathrú suíomh — Catagóir		Sainmhíniú
52	Riosca an ráta úis	Nótaí struchtúrtha atá neamhchosanta ar riosca an ráta úis den chuid is mó
53	Riosca airgeadra	Nótaí struchtúrtha atá neamhchosanta ar riosca airgeadra den chuid is mó
54	Riosca creidmheasa	Nótaí struchtúrtha atá neamhchosanta ar riosca creidmheasa den chuid is mó
55	Riosca réadmhaoine	Nótaí struchtúrtha atá neamhchosanta ar riosca réadmhaoine den chuid is mó
56	Riosca tráchtearraí	Nótaí struchtúrtha atá neamhchosanta ar riosca tráchtearraí den chuid is mó
57	Riosca tubaiste agus aimsire	Nótaí struchtúrtha atá neamhchosanta ar riosca tubaiste nó aimsire den chuid is mó
58	Riosca mortlaíochta	Nótaí struchtúrtha atá neamhchosanta ar riosca mortlaíochta den chuid is mó
59	Eile	Nótaí struchtúrtha eile, nach n-aicmítear faoi na catagóirí thuasluaite
6	*Urrúis chomhthaobhaithe*	*Urrúis a ndíorthaítear a luach agus a n-íocaíochtaí ó phunann sócmhainní foluiteacha. Áirítear leo Urrúis de bhun Sócmhainní (ABS), urrúis Mhorgáiste (MBS), Urrúis Thráchtálacha le Taca Morgáistí (CMBS), Oibleagáidí Fiachais atá Comhthaobhaithe (CDO), Oibleagáidí Iasachta atá Comhthaobhaithe (CLO), Oibleagáidí Morgáiste atá Comhthaobhaithe (CMO). Níl sócmhainní faoin gcatagóir seo faoi réir díchuachadh.*
61	Riosca gnáthscaireanna	Urrúis chomhthaobhaithe atá neamhchosanta ar riosca gnáthscaireanna den chuid is mó
62	Riosca an ráta úis	Urrúis chomhthaobhaithe atá neamhchosanta ar riosca an ráta úis den chuid is mó
63	Riosca airgeadra	Urrúis chomhthaobhaithe atá neamhchosanta ar riosca airgeadra den chuid is mó
64	Riosca creidmheasa	Urrúis chomhthaobhaithe atá neamhchosanta ar riosca creidmheasa den chuid is mó
65	Riosca réadmhaoine	Urrúis chomhthaobhaithe atá neamhchosanta ar riosca réadmhaoine den chuid is mó
66	Riosca tráchtearraí	Urrúis chomhthaobhaithe atá neamhchosanta ar riosca tráchtearraí den chuid is mó
67	Riosca tubaiste agus aimsire	Urrúis chomhthaobhaithe atá neamhchosanta ar riosca tubaiste nó aimsire den chuid is mó

An chéad dá shuíomh — Sócmhainní a liostaítear in		Sainmhíniú
An tríú agus an ceathrú suíomh — Catagóir		Sainmhíniú
68	Riosca mortlaíochta	Urrúis chomhthaobhaithe atá neamhchosanta ar riosca mortlaíochta den chuid is mó
69	Eile	Urrúis chomhthaobhaithe eile, nach n-aicmítear faoi na catagóirí thuasluaite
7	*Airgead agus taiscí*	*Airgead san fhoirm fhisiceach, coibhéis airgid, taiscí bainc agus taiscí eile airgid*
71	Airgead	Nótaí agus monaí i gcúrsaíocht a úsáidtear go forleathan chun íocaíochtaí a dhéanamh.
72	Taiscí inaistrithe (coibhéisí airgid)	Taiscí atá inmhalartaithe ar airgeadra ar éileamh ar par agus atá inúsáidte go díreach chun íocaíochtaí a dhéanamh le seic, dréacht, ordú gíoró, dochar/sochar díreach, nó saoráid íocaíochta dírí eile, gan phionós ná srian.
73	Taiscí eile gearrthéarmacha (níos lú ná 1 bhliain amháin nó cothrom le 1 bhliain amháin)	Taiscí seachas taiscí inaistrithe, a mbeidh fágtha den téarma tréimhse níos lú ná 1 bhliain amháin nó cothrom le 1 bhliain amháin nach féidir a úsáid chun íocaíochtaí a dhéanamh ag aon tráth agus nach bhfuil inaistrithe ar airgeadra nó taiscí inaistrithe gan aon chineál sriain ná pionóis mhóir.
74	Taiscí eile le téarma níos faide ná 1 bhliain amháin	Taiscí seachas taiscí inaistrithe, a mbeidh fágtha den téarma tréimhse níos faide ná 1 bhliain amháin, nach féidir a úsáid chun íocaíochtaí a dhéanamh ag aon tráth agus nach bhfuil inaistrithe ar airgeadra nó taiscí inaistrithe gan aon chineál sriain ná pionóis mhóir.
75	Éarlaisí do na hárachóirí géillte	Éarlaisí a bhaineann le hathárachas arna ghlacadh
79	Eile	Airgead agus taiscí eile, nach n-aicmítear faoi na catagóirí thuasluaite.
8	*Morgáistí agus iasachtaí*	*Sócmhainní airgeadais a chruthaítear nuair a thugann creidiúnaithe cistí ar iasacht d'fhéichiúnaithe, le comhthaobhacht nó dá huireasa, lena n-áirítear comhthiomsuithe airgid.*
81	Iasachtaí neamh-chomhthaobhaithe a dhéantar	Iasachtaí a dhéantar gan chomhthaobhacht.
82	Iasachtaí a dhéantar a chomhthaobhaítear le hurrúis	Iasachtaí a dhéantar le comhthaobhacht i bhfoirm urrús airgeadais
84	Morgáistí agus iasachtaí	Morgáistí agus iasachtaí a dhéantar le comhthaobhacht i bhfoirm réadmhaoine.
85	Iasachtaí comhthaobhaithe eile a dhéantar	Iasachtaí a dhéantar le comhthaobhacht in aon fhoirm eile.
86	Iasachtaí ar pholasaithe	Iasachtaí a dhéantar le polasaithe árachais mar chomhthaobhacht.

An chéad dá shuíomh — Sócmhainní a liostaítear in		Sainmhíniú
An tríú agus an ceathrú suíomh — Catagóir		Sainmhíniú
87	Iasachtaí do chomhaltaí AMSB	Iasachtaí a thugtar do chomhaltaí AMSB. Beidh forlámhas ag an aicme seo ar na cinn thuas.
88	Iasachtaí do dhaoine nádúrtha eile	Iasachtaí a thugtar do dhaoine nádúrtha eile. Beidh forlámhas ag an aicme seo ar na cinn thuas.
89	Eile	Morgáistí agus iasachtaí eile, nach n-aicmítear faoi na catagóirí thuasluaite.
9	*Maoin*	*Foirgnimh, talamh, déantuis eile atá dochorraithe agus trealamh.*
91	Maoin (oifige agus tráchtála)	Foirgneamh oifige agus tráchtála a úsáidtear i gcomhair infheistíochta
92	Réadmhaoin (chónaithe)	Foirgnimh chónaithe a úsáidtear i gcomhair infheistíochta
93	Maoin (chun críche úsáide dílse)	Réadmhaoin d'úsáid an ghnóthais féin
94	Maoin (á tógáil i gcomhair infheistíochta)	Réadmhaoin atá á tógáil, le húsáid mar infheistíocht sa todhchaí
95	Gléasra agus trealamh (chun críche úsáide dílse)	Gléasra agus trealamh d'úsáid an ghnóthais féin
96	Maoin (á tógáil chun críche úsáide dílse)	Réadmhaoin atá á tógáil, chun críche úsáide dílse sa todhchaí.
99	Eile	Maoin eile, nach n-aicmítear faoi na catagóirí thuasluaite.
0	Infheistíochtaí eile	Sócmhainní eile a bhfuil tuairisciú orthu in 'Infheistíochtaí eile'.
09	Infheistíochtaí eile	Sócmhainní eile a bhfuil tuairisciú orthu in 'Infheistíochtaí eile'.
A	*Todhchaíochtaí*	*Conradh caighdeánaithe idir dhá pháirtí chun sócmhainn shonraithe de chainníocht agus de cháilíocht chaighdeánaithe a cheannach nó a dhíol ar dháta sonraithe sa todhchaí ar phraghas a chomhaontófar inniu.*
A1	Todhchaíochtaí cothromais agus innéacsanna	Todhchaíochtaí le hinnéacsanna cothromais nó le hinnéacsanna stocmhalartáin mar ionstraim fholuiteach
A2	Todhchaíochtaí ráta úis	Todhchaíochtaí le bannaí nó le hurrús eile atá spleách ar ráta úis mar ionstraim fholuiteach
A3	Todhchaíochtaí airgeadraí	Todhchaíochtaí le hairgeadraí nó le hurrús eile atá spleách ar airgeadraí mar ionstraim fholuiteach

An chéad dá shuíomh — Sócmhainní a liostaítear in		Sainmhíniú
An tríú agus an ceathrú suíomh — Catagóir		Sainmhíniú
A5	Todhchaíochtaí tráchtearraí	Todhchaíochtaí le tráchtearraí nó le hurrús eile atá spleách ar thráchtearraí mar ionstraim fholuiteach
A7	Riosca tubaiste agus aimsire	Todhchaíochtaí atá neamhchosanta ar riosca tubaiste nó aimsire den chuid is mó
A8	Riosca mortlaíochta	Todhchaíochtaí atá neamhchosanta ar riosca mortlaíochta den chuid is mó
A9	Eile	Todhchaíochtaí eile, nach n-aicmítear faoi na catagóirí thuasluaite
B	*Céadroghanna ar Cheannach*	*Conradh idir dhá pháirtí a bhaineann le sócmhainn a cheannach ar phraghas tagartha le linn tráthchlár sonraithe, i gcás ina ngnóthaíonn ceannaitheoir na céadrogha ar cheannach an ceart, ach ní an oibleagáid, an tsócmhainn fholuiteach a cheannach*
B1	Roghanna cothromais agus innéacs	Céadroghanna ar cheannach le hinnéacsanna cothromais nó le hinnéacsanna stocmhalartáin mar ionstraim fholuiteach
B2	Roghanna bannaí	Céadroghanna ar cheannach le bannaí nó le hurrús eile atá spleách ar ráta úis mar ionstraim fholuiteach
B3	Céadroghanna airgeadraí	Céadroghanna ar cheannach le hairgeadraí nó le hurrús eile atá spleách ar airgeadraí mar ionstraim fholuiteach
B4	Barántais	Céadroghanna ar cheannach a thugann teidlíocht don sealbhóir stoc de chuid na cuideachta eisiúna a cheannach ar phraghas sonraithe
B5	Roghanna tráchtearraí	Céadroghanna ar cheannach le tráchtearraí nó le hurrús eile atá spleách ar thráchtearraí mar ionstraim fholuiteach
B6	Roghtálacha	Céadroghanna ar cheannach a dheonaíonn an ceart ach ní an oibleagáid dá úinéir suíomh fada a ghlacadh i mbabhtáil fholuiteach, i.e., babhtáil a dhéanamh ina n-íocann an t-úinéir an ghné shocraithe agus faigheann sé an ghné chomhlúthach
B7	Riosca tubaiste agus aimsire	Céadroghanna ar cheannach atá neamhchosanta ar riosca tubaiste nó aimsire den chuid is mó
B8	Riosca mortlaíochta	Céadroghanna ar cheannach atá neamhchosanta ar riosca mortlaíochta den chuid is mó
B9	Eile	Céadroghanna ar cheannach eile, nach n-aicmítear faoi na catagóirí thuasluaite
C	*Céadroghanna ar dhíol*	*Conradh idir dhá pháirtí a bhaineann le sócmhainn a dhíol ar phraghas tagartha le linn tráthchlár sonraithe, i gcás ina ngnóthaíonn ceannaitheoir na céadrogha ar dhíol an ceart, ach ní an oibleagáid, an tsóchmhainn fholuiteach a dhíol*
C1	Roghanna cothromais agus innéacs	Céadroghanna ar dhíol le hinnéacsanna cothromais nó le hinnéacsanna stocmhalartáin mar ionstraim fholuiteach
C2	Roghanna bannaí	Céadroghanna ar dhíol le bannaí nó le hurrús eile atá spleách ar ráta úis mar ionstraim fholuiteach
C3	Céadroghanna airgeadraí	Céadroghanna ar dhíol le hairgeadraí nó le hurrús eile atá spleách ar airgeadraí mar ionstraim fholuiteach

An chéad dá shuíomh — Sócmhainní a liostaítear in		Sainmhíniú
An tríú agus an ceathrú suíomh — Catagóir		Sainmhíniú
C4	Barántais	Céadroghanna ar dhíol a thugann teidlíocht don sealbhóir stoc de chuid na cuideachta eisiúna a dhíol ar phraghas sonraithe
C5	Roghanna tráchtearraí	Céadroghanna ar dhíol le tráchtearraí nó le hurrús eile atá spleách ar thráchtearraí mar ionstraim fholuiteach
C6	Roghtálacha	Céadroghanna ar dhíol a dheonaíonn an ceart ach ní an oibleagáid dá úinéir suíomh gearr a ghlacadh i mbabhtáil fholuiteach, i.e., babhtáil a dhéanamh ina bhfaighidh an t-úinéir an ghné shocraithe agus íocfaidh sé an ghné chomhlúthach
C7	Riosca tubaiste agus aimsire	Céadroghanna ar dhíol atá neamhchosanta ar riosca tubaiste nó aimsire den chuid is mó
C8	Riosca mortlaíochta	Céadroghanna ar dhíol atá neamhchosanta ar riosca mortlaíochta den chuid is mó
C9	Eile	Céadroghanna ar dhíol eile, nach n-aicmítear faoi na catagóirí thuasluaite
D	*Babhtálacha*	*Conradh ina malartaíonn contrapháirtithe sochair áirithe d'ionstraim airgeadais páirtí amháin ar shochair ionstraim airgeadais an pháirtí eile, agus ina mbíonn na sochair lena mbaineann ag brath ar an gcineál ionstraimí airgeadais a bhíonn i dtrácht*
D1	Babhtálacha ráta úis	Babhtáil ina ndéantar sreafaí úis a mhalartú
D2	Babhtálacha airgeadra	Babhtáil ina ndéantar airgeadra a mhalartú
D3	Babhtálacha ráta úis agus airgeadra	Babhtáil ina ndéantar sreafaí úis agus airgeadra a mhalartú
D4	Babhtáil an toraidh iomláin	Babhtáil ina bhfuil taobh an ráta neamh-chomhluathach bunaithe ar thoradh iomlán cothromais nó ionstraime ioncaim sheasta ag a bhfuil saolré níos faide ná an bhabhtáil
D5	Babhtálacha urrúis	Babhtáil ina ndéantar urrúis a mhalartú
D7	Riosca tubaiste agus aimsire	Babhtálacha atá neamhchosanta ar riosca tubaiste nó aimsire den chuid is mó
D8	Riosca mortlaíochta	Babhtálacha atá neamhchosanta ar riosca mortlaíochta den chuid is mó
D9	Eile	Babhtálacha eile, nach n-aicmítear faoi na catagóirí thuasluaite

An chéad dá shuíomh — Sócmhainní a liostaítear in		Sainmhíniú
An tríú agus an ceathrú suíomh — Catagóir		Sainmhíniú
E	*Conarthaí réamhcheaptha*	*Conradh neamhchaighdeánaithe idir dhá pháirtí chun sócmhainn a cheannach nó a dhíol ag am sonraithe sa todhchaí ar phraghas a chomhaontófar inniu*
E1	Comhaontú ar réamhráta úis	Conradh réamhcheaptha ina n-íocann páirtí amháin ráta seasta úis de ghnáth, agus ina bhfaigheann sé ráta comhlúthach a bhíonn bunaithe de ghnáth ar ráta innéacs foluiteach, ar an réamhdháta réamhshainithe
E2	Conradh réamh-mhalairte	Conradh réamhcheaptha ina n-íocann páirtí amháin suim in airgeadra amháin, agus ina bhfaigheann sé suim choibhéiseach in airgeadra difriúil a leanann as an tiontú ag úsáid ráta malairte an chonartha, ar an réamhdháta réamhshainithe
E7	Riosca tubaiste agus aimsire	Conarthaí réamhcheaptha atá neamhchosanta ar riosca tubaiste nó aimsire den chuid is mó
E8	Riosca mortlaíochta	Conarthaí réamhcheaptha atá neamhchosanta ar riosca mortlaíochta den chuid is mó
E9	Eile	Conarthaí réamhcheaptha eile, nach n-aicmítear faoi na catagóirí thuasluaite
F	*Díorthaigh chreidmheasa*	*Díorthach a ndíorthaítear a luach ón riosca creidmheasa ar bhanna, iasacht nó aon sócmhainn airgeadais fholuiteach eile*
F1	Babhtáil mainneachtana creidmheasa	Idirbheart díorthach creidmheasa ina ndéanann dhá pháirtí comhaontú ina n-íocann páirtí amháin cúpón tréimhsiúil socraithe leis an bpáirtí eile ar feadh na tréimhse atá sonraithe ar an gcomhaontú agus ní dhéanann an páirtí eile aon íocaíocht mura dtarlaíonn teagmhas creidmheasa a bhaineann le sócmhainn thagartha réamhchinnte
F2	Rogha maidir le raon difríochta creidmheasa	Díorthach creidmheasa a ghinfidh sreafaí airgid má athraíonn an raon difríochta creidmheasa ar leith idir dhá shócmhainn shonracha nó dhá athrú thagarmharcanna shonracha ón leibhéal ag a bhfuil sé faoi láthair
F3	Babhtáil an raoin difríochta creidmheasa	Babhtáil ina ndéanann páirtí amháin íocaíocht shocraithe leis an bpáirtí eile ar dháta socraíochta na babhtála agus íocann an dara páirtí suim leis an gcéad pháirtí bunaithe ar an raon difríochta creidmheasa iarbhír
F4	Babhtáil an toraidh iomláin	Babhtáil ina bhfuil taobh an ráta neamh-chomhlúthach bunaithe ar thoradh iomlán cothromais nó ionstraime ioncaim sheasta ag a bhfuil saolré níos faide ná an bhabhtáil
F9	Eile	Díorthaigh chreidmheasa eile, nach n-aicmítear faoi na catagóirí thuasluaite